

Tráchtas ar Logainmneacha na mBailte Fearainn i nDamh Liag Íochtarach

Is é sprioc an tráchtais seo staidéar a dhéanamh ar logainmneacha na mbailte fearainn i nDamh Liag Íochtarach trí fhoinsí stairiúla Gaeilge, Laidine, Fraincise agus Béarla, mar aon le léarscáileanna a cheadú, chun samplaí stairiúla na logainmneacha a aimsiú agus a chruinniú, a chlárú in ord croineolaíoch agus a mheas. Déantar iarracht na heilimintí atá ceilte iontu a aithint, a scaradh óna chéile agus a phlé i gcomhthéacs na fianaise a bailíodh. Déantar soiléiriú ar bhunús na n-eilimintí sin nuair is féidir. Déantar anailís ar struchtúr na logainmneacha a bailíodh. Cuirtear leaganacha comhaimseartha foghraíocha san áireamh. Déantar iarracht claochlaithe litrithe an Bhéarla ar na logainmneacha Gaeilge a scaoileadh agus cuirtear leaganacha díobh ar fáil i litriú comhaimseartha na Gaeilge nuair is féidir.

Is de réir an pharóiste a eagrófar an t-ábhar. Léirítear an modh eagarthóireachta sa Réamhrá, agus déantar meas ar mhianach na bhfoinsí a ceadaíodh don tráchtas a bhfuil tréimse fada ama i gceist leo, mar aon le caighdeán an-mheasctha. Cuirtear blas díobh ar fáil in amanna.

Insítear go ginearálta faoi Dhamh Liag Íochtarach i gCaibidil 1.

Cuirtear an fhianaise a bailíodh ar na logainmneacha i láthair i gCaibidil 2. Pléitear í agus déantar léirmhíniú ar eilimintí na logainmneacha de réir mar a thagann siad chun solais.

Breathnaítear ar an tionchar a bhí ag na Gaeil, ag an gCríostaíocht agus ag na coilíní ar logainmneacha na leathbharúntachta i gCaibidil 3. Cláraítear céad-taifead VILLA/ TON/ TOUN/ TOWN[E]/ BAL i gcáipéisí na gcoilíneach ón 13ú haois go dtí an 17ú haois. Pléitear an eilimint BAL. Braitear anáil ón bhFrainc agus ón mBreatain Bheag ar líon an-bheag logainmneacha.

Rangaítear logainmneacha Dhamh Liag Íochtarach de réir a struchtúr i gCaibidil 4.

Cuirtear liosta de na logainmneacha ar fáil de réir teanga ag deireadh an tráchtais.



OLLSCOIL NA hÉIREANN MÁ NUAD
NUI Maynooth

Logainmneacha na mBailte Fearainn i nDamh Liag Íochtarach

Úna Lawlor LGSM, MA

Tráchtas Dochtúireachta Ealaíon


Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

Scoil an Léinn Cheiltigh

Deireadh Fómhair 2014

Ceann Roinne agus Stiúrthóir: An tOllamh Ruairí Ó hUiginn

Fuaireas deis tabhairt faoin taighde seo nuair a bhronn an Roinn Gnothaí, Pobal, Tuaithe agus Gaeltachta sparántacht trí bliana orm as ciste an Chrannchuir Náisiúnta.



Scale of this Index. — One Inch to a Mile.



Prices of Six Inch Sheets
 Price of each 2500 Plan
 The areas of entire Townlands are shown on the Six Inch Sheet thus 374 2 30
 The area of each parcel of land is shown on the 2500 Scale Plan thus 2.187

The Roman Numerals LII. are the numbers of the Six Inch Sheets.
 The Roman Numerals with plain figures affixed LII. 6 are the numbers of the 2500 Plans.
 Boundaries shown thus — County — Barony — Parish* — Townland.....
 The District Boundaries (Union, Rural & Urban) are described thus — Union & R.D. Bdy. U.D. Bdy.
 * Only shown so far as it falls within County Borough or U.D.

Published by the Director General at the Ordnance Survey Office, Dublin.
 All prices quoted are net.
 Copyright Reserved.

Tiomnú

Do:

Peter Healy ildánach

fear sléibhte, dréachtóir léarscáileanna, fear ceoil agus cácaí

ealaíontóir agus lúiteoir

cara

agus do mo dheirfiúracha

Frances, Mary, Sheila, Caitriona, Clare

i gcumhne ar Teresa

nach maireann.

Nóta Buíochais

Ba mhaith liom buíochas mór a ghabháil leis an Ollamh Ruairí Ó hUiginn a roinn a shaineolas go fial flaithiúil liom agus é ag stiúiriú an tráchtais seo. Gabhaim buíochas leis na leabharlannaithe atá ag obair i Má Nuad, san Acadamh Ríoga, sa Leabharlann Náisiúnta, agus sna hOllscoileanna i mBelfield agus i nGaillimh, maraon leis na leabharlannaithe David Farnan agus Iris Cunningham atá sa leabharlann i mBaile Dhamh Liag. Chuidigh Pádraig Ó Cearbhaill, Brainse na Logainmneacha liom aon uair a d'iarr mé cúnamh air. Táim buíoch d'fhoireann na Cartlainne Náisiúnta chomh maith.

Táim fíor-bhuíoch de na daoine a chuir ar an eolas mé maidir le foghraíocht áitiúil na logainmneacha, le Michael Wemes agus le Jim Curley, baill de *Duleek Historical Society* a roinn a gcuid eolais ar stair na háite go fial liom. Ba mhaith liom buíochas speisialta a ghabháil le Peadar Ó Ceannabháin agus leis an Ollamh Nicholas Williams a thug moltaí agus misneach dom.

Is sa mbaile a fuair gach uile ugach, maraon le tacaíocht den scoth-
ó m'fhear céile Peadar agus ón ár gclann cheolmhar,
Saileog Eileanóir, Eoghan Páraic agus Muireann Anna.

Nár laga Dia iad.

Clár

Faisnéiseoirí Áitiúla	v
Giorrúcháin	vi
Contaetha	viii
Réamhrá:	
1. Modh Eagarthóireachta	ix
2. Foinsí an Tráchtais	xi
Caibidil 1: Cur síos ginearálta ar Dhamh Liag Íochtarach	
1. Suíomh Dhamh Liag Íochtarach	2
2. Gnéithe Aiceanta agus Cáilíochtaí Tíreolaíocha	2
3. Lonnaíocht i nDamh Liag Íochtarach	5
4. Tionchar na Staire ar na Logainmneacha	8
5. Iarsmaí Stairiúla Suntasacha	30
Caibidil 2: Logainmneacha Bhailte Fearainn Dhamh Liag Íochtarach de réir pharóiste: Taighde agus Plé	
BALLYMAGARVEY:	
[1] Ballymagarvey	34
[2] Burtonstown	39
COLP	
[3] Ballymad	42
[4] Betaghstown	47
[5] Beybeg/Beymore	52
[5. A] Bultynbeg	62
[5. B] Cill Chiaráin / *Baile Mac Giolla Chiaráin	63
[6] Colp East/Colp West	66
[7] Donacarneý Little/Donacarneý Great	76
[8] Kiltrough	85
[9] Laytown/ Bettystown	90
[10] Mornington	98
[11] Newtown	109
[12] Painestown	112
[13] Pilltown	117
[14] Stagreenan	122
[15] Stameen	132
DANESTOWN	
[16] Danestown	138
[17] Sicily	144

DONORE

[18] Cruicerath	147
[19] Donore	151
[20] Grove Island	156
[21] Oldbridge	158
[22] Rathmullan	161
[23] Sheephouse	168
[24] Stalleen	171
[25] Yellow Island	177

DULEEK

[26] Abbeyland	180
[27] Balsaran	187
[28] Blackditch	194
[29] Carranstown	197
[30] Caulstown	201
[31] Clonlusk	207
[32] Commons	211
[33] Corballis	214
[34] Deenes	220
[35] Downestown	223
[36] Drumman	228
[37] Duleek	231
[38] Gafny	250
[39] Garballagh	256
[40] Gaskinstown	262
[41] Gaulstown	265
[42] Gillinstown	271
[43] Kellystown	275
[44] Knockisland	278
[45] Longford	285
[46] Lougher	289
[47] Mullaghfin	293
[48] Newtown	296
[49] Platin	299
[50] Prioryland	305
[51] Rahill	312
[52] Reask	319
[53] Redmountain	322
[54] Roughgrange	325
[55] Sneeoge	336
[56] Thomastown	339

FENNOR

[57] Fennor	342
[58] Johnstown	353

JULIANSTOWN	
[59] Ballymad	355/ 42
[60] Glebe	356
[61] Julianstown East/ Julianstown South/ Julianstown West	360
[62] Ministown	371
[63] Ninch	376
[64] Rogerstown	381
[65] Sevitsland	385
[66] Smithstown	391
KENTSTOWN	
[67] Curraghtown	395
[68] Flemingstown	399
[69] Kentstown	404
[70] Knockharley	408
[71] Tuiterrath	415
[72] Veldonstown	419
KILSHARVAN	
[73] Annagor	423
[74] Calliaghstown	427
[75] Crufty	435
[76] Gafney	441/250
[77] Kilsharvan	442
[78] Shallon	451
KNOCKCOMMON	
[79] Cullen	457
[80] Gilltown	466
[81] Knockcommon	469
[82] Newtown	476
[83] Rathdrinagh	479
[84] Rosnaree	483
PAINESTOWN	
[85] Dollardstown	489
[86] Painestown	494
[87] Seneschalstown	499
[88] Thurstianstown	503
PIERCETOWN	
[89] Piercetown	507
[90] Balrath	517
[91] ST. MARY'S	523
[92] Bryanstown	524
[93] Lagavooreen	528

Caibidil 3: Tionchair éagsúla ar Ainmniú Pharóistí agus ar Ainmniú

Bhailte Fearainn Dhamh Liag Íochtarach

1. Tionchar na nGnéithe Aiceanta ar Logainmeacha Dhamh Liag Íochtarach	533
2. Lonnaíocht agus Logainmneacha	536
3. An Chríostaíocht agus Lonnaíocht i nDamh Liag Íochtarach	541
4. Eadarlúid:FIONNGHAILL/ GAILL - Lochlannaigh nó Normannaigh?	548
5. An Dara Mílaois: An Chríostaíocht Dhúchasach, Na hAgaistínigh agus na Normannaigh	549
6. Díscáioleadh agus Coigistiú na Mainistreacha: Na Sasanaigh, Eaglais na hÉireann: a rian ar Logainmneacha Dhamh Liag Íochtarach sa 16ú, sa 17ú agus sa 19ú haois	554
7. VILLA/ BAILE/ TON/ TOUN/ TOWN[E]/ BAL	559
8. BAL: Eilimint as Albain a tháinig go hÉirinn sa 15ú haois nó roimhe?	569
9. Bunús SICILY [17]: ainm pearsanta ón mBreatain Bheag; Balsaran > ? ón mBreatain SARN	576
10. Logainmneacha Béarla le príomheilimintí éagsúla iontu (seachas TOWN) ón 13ú haois go dtí an 19ú haois	577
11. SraithLogainmneacha: logainmneacha Gaeilge a tugadh ainm eile orthu i nGaeilge; logainmneacha a tugadh ainm eile orthu i dteanga eile	578
12. Anáil sloinnte Normannacha ar Logainmneacha Dhamh Liag Íochtarach agus eilimint logainm a bhfuil a fhréamhacha in ainm áite san Fhrainc	578
13. Logainmneacha a bhfuil eilimint Ghaeilge agus eilimint Ghallda iontu	578

Caibidil 4

Structúr na Logainmneacha	580
Achoimre ar Bhunús na Logainmneacha i bhfoirm Liosta	587
Conclúid	590

Foinsí a ceadaíodh

(i)Léarscáileanna	593
(ii) Leabhair agus Ailt	594
(iii) Suíomhanna Idirlín.	

Léarscáileanna atá athchlóite sa tráchtas

The Townlands of Lower Duleek	Tulmhaisiú
OSI Index Six Inch Maps XIX, XX, 1901	
The Baronies of County Meath	1
Civil Survey 1655-1657 (Simington 1940)	
The Parrishes of Killcarvan Colpe & Julianstown by William Farrand cóip Daniel O' Brien Surveyor	xxiv - xxv
Na Bailte fearainn Damh Liag, Abbeyland, Prioryland	308
OSi Historic Maps	
Suíomh 'Crofty Hill' Taylor and Skinner 1773/1783	434
Townlands in which <i>Llanthony Prima and Secunda</i> held an interest in County Meath in the Medieval Period, le caoinhead ó Arlene Hogan/ Four Courts Press	553
Bal i logainmneacha Oirthir na tíre	570
<i>Dinnseanchas 3</i> 1968 -69 [gan chóipcheart]	

Faisnéiseoirí Áitiúla:

Daoine a chuir leaganacha foghraíocha logainmneacha ar fáil

Paddy Lenihan † 2013, Betaghstown

Jim Curley, Duleek

Kit Casey [aois 92], Shallon

David Kearney, Sicily

Gerard Mc Neece, Stameen

Leo Henry, Ministown

Dessie Dorey, Knockisland

Nicola Heaney, Stameen

Vincent Rooney, Pilltown

Damian Mc Daid, Colp

Grace Larkin, Julianstown

Kevin agus Winnifred Collier, Annagor

Patricia Lenihan, Lougher

Mr agus Mary Flood, Knockcommon

Charlie Smith, Giltown

Mary Behan, Stagreenan

Paul Kerby, Ministown

Angela Kerrigan, Marie McGovern, Kiltrough

Joe Crosby, Reask

Dessie agus Ann Lynch, Dromainn

Giorrúcháin

i, ii, iii srl	Imleabhar i, Imleabhar ii, Imleabhar iii srl
X 1, X 2 srl	sampla amháin, dhá shampla srl
ainm.	tuiséal ainmneach
AL	Ainmleabhair na Suirbhéireachta Ordanáis (ar caomhnú sa CN de réir pharóistí dlí).
bain	baininscneach
Brodigan	Thomas Brodigan, fear gnó a mhair sa 19ú haois. Chuir sé leaganacha logainmneacha ar fáil do lucht na SO in 1836
BS:AL	Boundary Surveyor, foirmeacha logainmneacha a fhaightear sna
hAL	
Car I	Carolus I / Séarlas I, rí Shasana 1625- 1649
Car II	Carolus II/ Séarlas II, rí Shasana 1660 - 1685
Chart	Charter
CGn	Clárlann na nGníomhas. Tagraítear d’imleabhar, lch,Gníomhas
CN	Cartlann Náisiúnta
DGE	Dónal mac Giolla Easpaig, Oifigeach, An Brainse Logainmneacha, An Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltacht
DS	Down Survey
Ed	Edward/ Edbhard IV, VI ríthe Shasana ¹
eag/ í	eagarthóir/í
Eliz	Elizabeth/ Eilís I, banríon Shasana 1558 - 1603
F	Fiant
Facs	Facsimile
‘Fiachra’	
‘Fiachra Éilgeach’ fir	Risteárd Ó Foghludha, taighdeoir, Iaroifigeach, An Brainse Logainmneacha firinscneach
gin	ginideach
Gul & Mar	Guilielmus & Maria = William III & Mary, Liam Oráiste agus Máire
HC	House of Commons
HCSV	Rpt House of Commons Survey and Valuation Report
IE	Ind-Eorpais
Inq	Inquisititon (Inq Charles I, Inq Charles II, Inq Eliz, Inq Hen VIII)
iol	iolra
IPA	International Phonetic Alphabet

¹ Réimeas Éadbhaird IV 1461-1471, 1471-1483, réimeas Éadbhaird VI [Tudor] 1547–1553

Iris na G	Irisleabhar na Gaedhilge/ The Gaelic Journal
Hen	Henry/ Anraí II, Anraí VI, Anraí VIII, ríthe Shasana
J I	Jac I/ James I, Séamas I
lch/ lgh	leathanach/ leathanaigh
LN	An Leabharlann Náisiúnta
LNÉ	Leabharlann Náisiúnta na hÉireann
ls	léarscáil
LS/ LSí	Lámhscríbhinn/ Lámhscríbhinní
Ms	Manuscript
NIAH	National Inventory of Architectural Heritage
NÓM	Nollaig Ó Muraíle, Iaroirigeach, An Brainse Logainmneacha, An Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltacht
O’C	Thomas O’Conor taighdeoir logainmneacha 1836 don SO
ÓD/ JOD	John O’Donovan taighdeoir logainmneacha 1836 don SO
OS	Ordnance Survey
OSi	Ordnance Survey Ireland
P	Parish
PÓC	Pádraig Ó Cearbhaill, Oifigeach, An Brainse Logainmneacha, An Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltacht
Pap Tax	Papal Tax
P & M	Philip & Mary/ Pilib & Máire monarcaí Shasana 1554-1558
pl:AL	Leagan Gaeilge de logainm scríofa le peann luaidhe san AL.
R/Aist	Rannóg an Aistriúcháin [TS <i>logainm.ie</i>]
R/A	Roinn an Aistriúcháin [TS <i>logainm.ie</i>]
rc	roimh Chríost
RIA	Royal Irish Academy
SO	Suirbhéireacht Ordanáis
tabh.	tuiséal tabharthach
TC	Taifead Cartlainne, mar atá curtha ar an suíomh idirlín <i>logainm.ie</i>
TCB	Tithe Composition Book
TS	Taifead Scanáilte, atá curtha ar an suíomh idirlín <i>logainm.ie</i> (2013)
TT	Taifead Téacs, atá curtha ar an suíomh idirlín <i>logainm.ie</i> (2013)
Úd Áit	Údarás Áitiúil in Oifig na Logainmneacha
UM	Uí Maine
Contaetha	

AM	Ard Mhacha	Armagh
Ao	Aontroim	Antrim
BÁC	Baile Átha Cliath	Dublin
Ca	An Cabhán	Cavan
CC	Cill Chainnigh	Kilkenny
CD	Cill Dara	Kilare
Ce	Ceatharlach	Carlow
Ci	Ciarraí	Kerry
Cl	An Clár	Clare
CM	Cill Mhantáin	Wicklow
Co	Corcaigh	Cork
DG	Dún na nGall	Donegal
Dn	An Dún	Down
Do	Doire	Derry
FM	Fear Manach	Fermanagh
Ga	Gaillimh	Galway
IM	An Iarmhí	Westmeath
La	Laois	Laois
LG	Loch Garman	Wexford
Li	Liatroim	Leitrim
Lm	Luimneach	Limerick
Lo	An Longfort	Longford
Lú	Lú	Louth
ME	Maigh Eo	Mayo
Mí	An Mhí	Meath
Mu	Muineachán	Monaghan
Pl	Port Láirge	Waterford
RC	Ros Comáin	Roscommon
Sl	Sligeach	Sligo
TÁ	Tiobraid Árainn	Tipperary
TE	Tír Eoghain	Tyrone
UF	Uíbh Fhailí	Offaly

An Réamhrá

1. An Modh Eagarthóireachta

- Tugtar ainm na leathbharúntachta, ainm an pharóiste agus ainm gach baile fearainn a scrúdaíodh i gCaibidil 2; uimhrítear na bailte fearainn i gcló trom i lúibíní cearnógacha, [1] go [93]; tugtar foirm Bhéarla na logainmneacha mar a scríobhtar go comhaimseartha iad i gcló rómhánach agus iad mar theideal, mar shampla: [19] Donore, [38] Gafney, [45] Longford.
- Tugtar foirm Bhéarla logainmneacha i gcló iodálach nuair a bhíonn siad i gcorp an tráchtais, chomh maith leis an uimhir i lúibíní cearnógach faoina bpléitear i gCaibidil 2 iad, mar shampla: *Donore* [19], *Gafney* [38], *Longford* [45].
- Tugtar foirmeacha Gaeilge logainmneacha atá deimhnithe agus atá curtha ar shuíomh idirlín *logainm.ie* (2013) i gcló Rómhánach, mar shampla: Damh Liag, Baile Iúiliáin, An Inse.
- Is le réiltín a thugtar foirmeacha Gaeilge logainmneacha neamhdheimhnithe mar atá siad le fáil ar *logainm.ie* (2013), mar shampla: *Béibeac Mór, *Béibeac Beag, *Colpa Thiar, *Colpa Thoir, *Domhnach Cairnigh Mór, *Domhnach Cairnigh Beag, srl.
- Tugtar foirmeacha atá á dtairiscint mar thoradh ar thaighde an tráchtais seo le réiltín freisin, mar shampla: *Cnoc Iollainn, *Eanach gCorr, *Cealltrach srl.
- Tagraítear d'eilimintí i gceannlitreacha mar a leanas: DÚN, DOMHNACH, TOWN, ISLAND.
- Ní mar théarma cáinteach a bhaintear leas as an ainm briathartha 'Galldaithe'; is cuid den téarmaíocht í, chun cur síos ar fhoirmeacha stairiúla logainmneacha a mbaintear leas aisti i measc téarmaí eile, mar a leanas:

1. Galldaithe: Logainm atá scríofa de réir nósanna ortagrafaíochta na Laidine, na Fraincise nó an Bhéarla agus a fhaightear i dtéacsanna riaracháin: mar shampla:

Donoure/ Donowre/ Donowyr [> Dún Uabhair], *dovanestoñ* [*Downstown*].

2. Béarla: logainm Béarla, mar shampla: *Abbeyland, Prioryland, Glebe,*

Grove Island, Yellow Island, Black Ditch, Red Mountain, Roughgrange srl

3. Gaeilge: logainm, nó ainm atá scríofa i dtéacs Gaeilge, mar shampla *Ros na*

Ríg, Ailill, nó i dtéacs a bhfuil meascán den Laidin agus den Ghaeilge ann,

mar shampla: *Epscop Air. oculus Daimliag moritur.*

An Fhianaise i gCaibidil 2

- Uimhrítear samplaí stairiúla de logainmneacha sna Táblaí Fianaise i gCaibidil 2; tugtar an bhliain lena mbaineann siad, agus cuirtear in ord croineolaíoch iad, ach amháin i gcás cuid de na samplaí a tras-scríobhadh as na hAinmleabhair a bhfuil an bhliain 1836 tugtha ar *logainm.ie* (2013) dóibhsean, nó a bhfuil an bhliain 1838 tugtha sna hAinmleabhair féin, nó a bhfuil deacracht leis an mbliain chruinn a aimsiú.
- Tabharfar foirmeacha stairiúla na logainmneacha mar a fhaightear scríofa sna foinsí stairiúla iad. Is i bhfoirm noda a chuirtear na foinsí coitianta in iúl. Scaoiltear **Noda na bhFoinsí** ar lgh iv-xiii. Scaoiltear na **Giorrúcháin** ar lgh ix-x.
- Tagraíonn figiúirí i lúibíní cruinne (1), (2), (3) srl do shamplaí leaganacha stairiúla an logainm atá faoi scrúdú, mar atá siad cláraithe sa Tábla, agus an phlé ar an logainm sin á déanamh i gCaibidil 2.
- Má táthar in amhras faoi ghné ar bith a bhaineann le sampla stairiúil logainm, cuirtear comhartha ceiste roimpi, mar shampla: ciallaíonn ? 1836 go bhfuiltear in aimhreas faoin dáta. Ciallaíonn Ardemaght brege [? paróiste *Nobber/ An Obair*] go mb'fhéidir go raibh *Ardemaght brege* i bparóiste *Nobber*;
Ciallaíonn ?Ó Donnabháin go mb'fhéidir gurb é Ó Donnabháin a chuir an fhianaise ábhartha ar fáil.
Ciallaíonn ?Midnythestoun nach rabhas cinnte ar léigheas an fhoirm sin sa lamhscríbhinn i gceart.
- Muna bhfuil cinnteacht ann go mbaineann sampla stairiúil d'aon logainm faoi leith le hábhar, cuirtear comhartha ceiste roimhe freisin. Uaireanta tugtar píosa den téacs as ar tarraingíodh an sampla sin i bhfonóta, le comhthéacs an tsampla a thabhairt.
- Nuair a fhaightear foirmeacha logainmneacha nó píosa téacs a bhfuil giorrúcháin iontu nár scaoil an t-eagarthóir, tugtar an logainm nó an téacs mar a fhaightear san eagrán é, ag taispeáint na ngiorrúchán le cló dubh, mar shampla: dovanestoñ [= Downestown], Johneston [= Johnstown], manior' de Marynton [= Mornington]. Féach freisin an blúire téacs Fraincise de chuid na 15ú haoise atá tugtha sa phlé ar Piercetown [90].
- Tugtar leagan foghraíoch d'fhuaimniú áitiúil na logainmneacha ag bun na dTáblaí san Aibítir Fhoghraíoch Idirnáisiúnta. Tugtar níos mó ná leagan foghraíoch amháin uaireanta. Tugtar ainm an chainteora a chuir an leagan fogharscríofa ar fáil don tráchtas, ach amháin nuair a bhíonn an fhoghraíocht i bpáirt ag go leor daoine. Baintear leas as na comharthaí

/ ' / agus / , / chun an phríomhbhéim agus an bhéim thánaisteach a thaispeáint, mar a leanas: /'burtuns, toun/ .i. *Burtonstown* [2]. Tugtar faoi deara nach féidir ach buille faoi thuairim a thabhairt maidir le cáilíocht na gconsan Gaeilge in amanna, agus plé á dhéanamh ar fhoirmeacha logainmneacha Galldaithe a bailíodh as téacsanna Gallda.

2. Foinsí an Tráchtais

Bailíodh foirmeacha stairiúla na logainmneacha as téacsanna dúchasacha .i. téacsanna a scríobh na Gaeil, agus as téacsanna na gcoilíneach don tráchtas seo. Is i nGaeilge agus i Laidin a scríobhadh na téacsanna dúchasacha, a bhfuil idir eachtraí staire, scéalta agus filíocht mar ábhar iontu. Bhain cáipéisí na gcoilíneach le riarachán stáit agus is i Laidin, i bhFraincis agus i mBéarla a scríobhadh iad. Bhí spriocanna éagsúla ag scríobhaithe na dtéacsanna dúchasacha seachas mar a bhí ag scríobhaithe théacsanna na riarthóirí. Sprioc na staire, na nginealach agus na litríochta a bhí mar aidhm ag scríbhneoirí na seanfhoinsí dúchasacha Gaeilge; sprioc na ceannasaíochta agus an riaracháin a bhí mar aidhm ag tiomsaitheoirí fhoinsí na gcoilíneach. Ní gá na foinsí uile a mheas, ach déanfar plé ar chuid díobh anseo thíos.

Foinsí Gaeilge

Ar na foinsí Gaeilge a ceadaíodh don tráchtas, áirítear eagráin éagsúla de na hAnnála, Féilirí na Naomh, na Ginealaigh, an Dinnsheanchas agus scéalta litríochta. Bhain na scoláirí leas as lámhscríbhinní éagsúla, agus eagráin den ábhar seo á réiteach chun cló acu, agus tugann siad liosta na lámhscríbhinní sin sna heagráin éagsúla a réitíodar, chomh maith le garmheastacháin dhátaí a scríofa. Cé go dtagraíonn iontrálacha na nAnnála do dhátaí sa chéad mhílaois (agus roimhe i gcás Annála áirithe), cuireadh le chéile i lámhscríbhinní na dara mílaoise iad (Mac Niocail 1975:40), ní a chothaíonn fadhbanna don taighdeoir logainmneacha. Is casta an obair a bheith ag iarraidh dáta cruinn a chur ar fhoirm logainm, a bailíodh as foinse Ghaeilge. Ní hamháin go mbíonn taifead déanta ar eachtra i bhfad i ndiaidh a tarlaithe, agus go dtugtar dátaí éagsúla sna hAnnála éagsúla di, ach is minic Gaeilge níos sine a bheith i lámhscríbhinní, ná mar a bhí á cleachtadh go comhaimseartha agus na lámhscríbhinní sin á dtras-scríobh nó á n-athscríobh. Is éard a rinne an taighdeoir seo i gcás samplaí logainmneacha a bailíodh as na hAnnála ná

- (i) an dáta a tugadh sna hAnnála a thabhairt, in ainneoin gur scríobhadh an iontráil na céadta bliain ina dhiaidh sin, mar a leanas:

488	Daim liag	Ann Tig:80
-----	-----------	------------

(Is i Rawlinson B 488, a scríobhadh sa 15ú haois, atá teacht ar AnnTig)

agus

- (ii) i gcás logainm a frítheadh i scéal nó i bpíosa filíochta, dáta nó dátaí na lámhscríbhinní a bhfuil foirm an logainm iontu a lua, mar a bhíonn ráite ag eagarthóir na foinse, mar shampla:

c 1150	Ruis na Ríg (gin) Ros na Ríg (tabh) Ruiss na Ríg (gin) Ross na Ríg (tabh)	LL <i>f.</i> 171, CRRB* 28 §20; 30 §22; 32 §23 (Tugtar liosta de chúig LS eile a cheadaigh an t-eagarthóir san fhonóta thíos.)
--------	--	--

*Is í LL an lámhscríbhinn is luaithe díbh agus cheadaigh Hogan dhá lámhscríbhinn de chuid Colgan, a scríobhadh roimh AD 1650, chomh maith le hEgerton 106 Ms 23k 37 a scríobhadh roimh AD 1715, Stowe E.iv 3, a scríobhadh roimh AD 1727, agus Ms Maynooth a scríobhadh roimh AD 1795 (CRRB:vii).

Foinsí na gCoilíneach

Thosaigh na Normannaigh ar chuntas sealúchais a choinneáil sa bhliain 1171. Leanadh ar aghaidh leis an gcleachtas seo sna céadta a lean. Chuir na plandálaithe na Fiosrúcháin (*Inquisitiones*) ar bun sa 16ú haois agus sroicheadh barrphointe chlárú shealúchas na talún leis an *Civil Survey* sa 17ú haois. D’eagraigh na *Trustees for the sale of the Forfeited Estates* suirbhé arís sa bhliain 1700 (Horner, Loeber 2011:63) agus cláraíodh úinéirí thailte na tíre sa 19ú haois i luacháil Griffith. Is foinsí saibhre logainmneacha na cáipéisí oifigiúla seo, a chuireann síos ar bhronnta, ar shealúchas, ar ghlacadh nó ar bhaint seilbhe. Tá luathfhoinsí eaglasta luachmhara ann chomh maith, a chuireann síos ar na deachúna a bailíodh. Ó tharla gur cáipéisí riarthacha iad na cáipéisí stáit agus na

cáipéisí eaglasta atá ar marthain, is furasta suíomh na logainmneacha a luaitear iontu a aimsiú de ghnáth. Tá nósanna ortagrafaíochta ársa le sonrú i dtéacsanna na gcáipéisí, ámh, ní a chothaigh deacrachtaí ar leith iad a réiteach chun chló sa 19ú agus sa 20ú haois, agus pléifear cuid de na deacrachtaí sin ar ball.

Foinsí na gCoilíneach: Learscaíleanna agus Cáipéisí

Cheadaíos léarscaíleanna an *Down Survey* (Miocrascannán P 7382, LN), chomh maith le léarscaíl Larkin 1812 agus léarscaíleanna 1837 de chuid na SO. Cheadaíos *Name Book of Baronies & Parishes in the County of Meath, OSO July 1836*, lámhscríbhinn de chuid na SO (OS 92/28), chomh maith leis na hAinmleabhair - *Ordnance Survey Name Books for the Baronies of County Meath* 1838 - atá sa Chartlann Náisiúnta.

Bhaineas leas cuimsitheach as CDI 1171 - 1307, as CJR 1295 - 1314 agus as na *Calendars* eile CGR, CChR, CCl R, CPR, chomh maith le SRPI anuas go dtí an t-am a thosaigh na Fiosrúcháin. Bhí fadhbanna ar leith ag eagarthóirí na n-eagrán sin, mar a mhíníonn H.S. Sweetman sa nóta a leanas, a scríobh sé mar chuid den Réamhrá sa bhliain 1875:

To persons unacquainted with ancient records, it may be desirable to state that those abstracted in this volume are all written in mediaeval Latin and in the usual abbreviated court hand (CDI 1171-1251:x-xi).

Tagraíonn an t-eagarthóir Gustavus Frederick Handcock do cháipéisí tréigthe - ‘faded documents’ - sa Réamhrá a scríobh seisean sa bhliain 1886 (CDI 1302-1307:viii), agus ar ndóigh, bhí fadhb an litrithe ag scríobhaithe na mbuncháipéisí ó thús an choncais i leith:

One of the peculiarities to be found in writing of the olden time is the uncertainty of spelling ... The Anglo-Norman scribes, especially if they wrote from dictation must have found it difficult to render Irish names of persons and places; hence we find great variance in this respect. (CDI 1171-1251:x-xi)

Tá sé seo le rá ag Oliver Davies agus David Quinn, agus iad ag cur eagar ar chaipéisí na 13ú haoise san eagrán *The Irish Pipe Roll of 14 John 1211 -1212*¹ nach raibh ar marthain ach i gcóip a scríobhadh sa 17ú haois:

¹ Tá an uimhir H.11.16 ar an gcúl agus bhí sé mar chuid de bhailiúcháin Sir James Ware (1594 - 1666).

The 17th century copyist, while he provided on the whole an intelligible text, is not entirely to be trusted. Such words as it is clear he misread have been corrected in the text and noted in the footnotes ... His transcription of abbreviations is not always intelligible, and he embellished his copy with conventions which he is very unlikely to have found in the original. In this edition all expansions have been italicised, 'e' substituted for 'ae' as have initial 'v' for 'u' and the medial 'u' for 'v'. ... A copy made by the late Mr Tenison Groves ... was used as a basis for the edition, but it was carefully checked with the manuscript ... (Davies/ Quinn 1941:6).

Ní hamháin, mar sin, go raibh na giorrúcháin dothuigthe in amanna, ach bhí nósanna ortagrafaíochta éiginnte sna lámhscríbhinní freisin. Cheadaíos an miocrascannán P 5071, atá ina chóip de *The Calendar of the Gormanston Register Circa 1175-1397*, aon uair a bhíos in amhras faoi fhoirm logainm a bhí clóscríofa in eagrán Mhills/ McEnery 1916 den fhoirse sin, agus thugas faoi deara go mbaintear leas as dhá stríoc chomhthreomhara, nach mbíonn nasctha ar a mbun nó ar a mbarr, a chiallaíonn *u* uaireanta agus *n* uaireanta eile.

Maidir le léamh na logainmneacha, bhí sé seo le rá ag an eagarthóir Maxwell Lyte agus é ag ullmhú na *Close Rolls* de chuid *Edward II 1307 - 1313*, agus na *Patent Rolls* de chuid *Edward III 1327 -30* chun foilsithe:

Great care has been taken in the transcription of all proper names, but it is important to observe that the medieval Patent Rolls present very serious palaeographical difficulties. The forms of the letters *n*, *u* and *v*, are practically identical; *im* or *mi* may easily be mistaken for *un* or *nu* and it is often impossible to distinguish between *f* and *s* between *c* and *t* or between *bb* and *lb*. .. In all cases the compiler ... adopts the version which appears the most probable, but there must necessarily be many inconsistencies ... (1892:ix agus 1891 x).

Maidir le hainmneacha agus sloinnte, bhí sé seo le rá ag an eagarthóir céanna:

Ordinary Christian names ... are given according to their commonest modern English form. Christian names which are not now in vogue are given according to the form used in the Rolls, the termination of the nominative case being adopted with regard to declinable Latin names. Surnames ... are given

Tá cur síos ar an gcáipéis ar fáil san eagrán seo freisin (1941:4-6).

according to the form used in the Rolls ... on philological ... grounds ... certain inconsistencies of medieval clerks [are preserved] (*ibid* 1882:vii).

Míníonn James Morrin an *modus operandi* atá aige féin agus é ag déanamh eagarthóireachta ar bhailiúchán cáipéisí, atá lán le giorrúcháin, agus a bhfuil seanfhriotal casta iontu, chomh maith lena bheith doiléir doléite in áiteanna .i. *Calendar of the Patent and Close Rolls of Chancery in Ireland of the Reigns of Henry VIII, Edward VI, Mary and Elizabeth. Vol. I:*

This work ... purports to contain an abstract of every instrument on the Rolls; condensed and translated into English; all abbreviations and contractions have been rejected; all technical phraseology discarded. The purport of each document has been minutely and accurately analyzed; the substance of every important clause and provision extracted, and the names of every person and place in each accurately specified, with a view of rendering accessible to the public the original MSS., obscured as they now are in obsolete languages and modes of expression; written in antiquated and nearly unknown character, obscure and frequently illegible, rendered more embarrassing by abbreviations, which frequently leaves the number, gender, or tense of a word difficult of ascertainment.... The decayed state of many of these rolls interposed difficulties in the execution of the work, but corresponding exertion has been made ... (1861:xliv).

Is léir mar sin, go mb'éigean do na heagarthóirí éagsúla forléiriú a dhéanamh ar ainmneacha agus ar logainmneacha agus iad ag réiteach eagrán chun cló. Is minic a fheictear malairt litrithe sloinne nó logainm in aon cháipéis amháin, agus uaireanta ní bhíonn a fhios ag an taighdeoir logainmneacha cé acu ar 'design' nó 'error' is cúis le foirm logainm sa bhun téacs, mar a deir Morrin (1862: lxxix), nó cén chaoi ar léigh an t-eagarthóir na litreacha ársa, nó cén chaoi ar scaoil an t-eagarthóir na giorrúcháin. Seo a leanas dornán samplaí den aimhrialtacht a frítheadh le linn an taighde seo:

(i) Tá malairt leaganacha le *f* agus *s* le feiceáil sa logainm *Grufty/ Crusty*, baile fearainn atá i bParóiste *Kilsharvan*, féach *Crufty* [75] agus sa logainm *Balsarne/ Balferne* i bparóiste Dhamh Liag, féach *Balsaran* [27].

(ii) Scríobhadh *h* in áit *k* sa DS i gcás *Knockcommon* chun *Knochammon* a thabhairt. (Léiríonn foirmeacha stairiúla logainm, a bhfuil *Knockcommon* air anois (a scríobhadh sa

14ú haois, sa 16ú haois agus sa 17ú haois) an mearbhall millteanach a bhí ar scríobhaithe i leith an logainm sin, cf. *Knockcommon* [81].

(iii) Tugadh faoi deara gur scríobh eagarthóirí na 19ú haoise agus na 20ú haoise foirmeacha nua-aimseartha logainmneacha go ciúin in amanna, nach mór i ngan fhios dóibh féin, féach go bhfuil *Donore* (CDI 1302-7:253, 254) sa téacs clóscríofa, ach is é *Donouere* atá sa *corrigenda* (CDI 1302-7: xii), féach *Donore* [19]. Scríobhadh *Stameen* (Mills/ Mc Enery 1916:2) in áit *Staghme[e]n[e]* agus níor dhírigh na heagarthóirí aird na léitheoirí ar an athrú seo, féach *Stameen* [15].² Ar ndóigh, eagrán a bhfuil achoimre déanta ar chuid de cháipéisí na lámhscríbhinní, ar mhaithe lena substaint a fhoilsiú, a bhí mar sprioc ag Mills/ Mc Enery, agus ní staidéar ar logainmneacha, agus bhaineadar leas as teideal mór amháin, seachas fhotheidil bheaga (mar atá sa lámhscríbhinn) i gcás *Stameen*. Sílim go ndearna an t-eagarthóir D.A. Chart é seo uair amháin freisin i gcás *Duleek*, féach *Reg Swayne* sa chaibidil *Duleek* [37].

Cé nach mbeifí ag súil le caighdeán docht litrithe sa Bhéarla sa 16ú haois, bheifí ag súil le cuma na cosúlachta ar shamplaí logainmneacha. Chuaigh mírialtacht na bhfoirmeacha chun donais ar fad le linn aimsir Eilíse, agus is mar a leanas a chuireann an t-eagarthóir James Morrin síos ar a chuid iarrachtaí cuid de cháipéisí Éilíse a chur in eagar don fhoinsé *CPCI R 18th to the 45th of Queen Elizabeth*:

I have ventured to preserve the ancient orthography but to reject the abbreviations which abound in the letters of many of the writers of the period - a period when not only orthography was so unsettled, but grammatical rules were violated in the holograph letters of the most eminent, and of those who affected the greatest learning, it is often impossible to discriminate between the design and the error of the clerk (1862:lxix).

(Díreofar aird freisin, ar a raibh le rá ag Margaret Griffith faoi scríobhaithe Eilíse, agus ar an obair a rinne tras-scríobhaithe ar a cáipéisí siúd ar ball.)

² Tá na samplaí de *Staghme(e)n(e)*, le fáil ar fhóiliúna 38, 39, 40 den Ls, agus scríbhneoireacht álainn sholéite orthu sin. Thugas faoi deara, gur fágadh an logainm ar lár 4 huaire, nuair is teideal cáipéise a bhí i gceist, agus gur aistríodh an teideal ó *Stamen* go *Stameen* uair eile – leagan nua-aimseartha na haoise seo. Tá an fhoirm *Stameen* ar lch 2 (f.1) d'eagrán Mhills/ McEnery corr leis an gcuid eile acu, ach nuair a thriáil mé fóilió 1, P 5071 a cheadú, bhí an-drochbhail air agus é dubh doiléir doléite agus níor éirigh liom ach corrfhocal a léamh anseo is ansiúd air. Thugas faoi deara sampla de logainm eile, inar tugadh *the Beaubek* (CGR:76) mar aistriúchán ar *magno bico orientalis* (f. 94d, *Bey Beg* go comhaimseartha, feach *Beybeg* [5], (22).

Foinsí Laidine/ Béarla agus Fraincise na 15ú haoise.

Bhaineas leas as trí imleabhar de na seacht imleabhar atá mar *Registers of Armagh* .i. *Registrum Iohannis Mey*, *The Register of John Swayne* agus *The Register of Nicholas Fleming Archbishop of Armagh 1404-1416*, chomh maith leis na *Statute Rolls of the Parliament of Ireland* le teacht ar shamplaí de logainmneacha na 15ú haoise.

Registers of Armagh

Is foinsí lámhscríofa ar pháipéar iad seo, a cuireadh faoi chumhdaigh lao chraicinn sa 17ú haois (*ibid*:1972:xxii). Tá siad ar caomhnú i Leabharlann Phoiblí Ard Mhacha. Scríobhadh na *Registers* i Laidin, teanga na heaglaise, den chuid is mó, cé go bhfuil caipéisí Béarla mar chuid de *The Register of John Swayne*. Tá idir ábhar riarachán eaglasta agus ábhar dlí iontu, chomh maith le hábhar polaitiúil. Deir na heagarthóirí:

The Registers of Armagh ... constitute the largest and most important single source of original material, still surviving in Ireland from its medieval past (Quigley, Roberts 1972:x, féach freisin fonóta 6).

Bhailíos foirmeacha logainmneacha as imleabhair de chuid *Mey*, *Swayne* agus *Fleming*.

Statute Rolls of the Parliament of Ireland

Is i bhFraincis a scríobhadh SRPI *Reign of King Henry the Sixth*, SRPI *first to the twelfth year of the reign of King Edward IV*, (*imleabhar i*), agus SRPI *Twelfth and Thirteenth to the Twenty-First and Twenty-Second Years of the Reign of King Edward the Fourth* (*imleabhar ii*). Féach:

By 1250, three quarters of the country had been overrun [by Normans] ... In law justice and civic government French was employed until the 15th century ... English began to be used in parliamentary documents, the earliest document in that language being a Memorial from Parliament at Dublin to Henry VI in 1429 (Risk1968-71: 586, 589-90).

Ba é Henry F. Berry eagarthóir an chéad dá imleabhar de SRPI - foilsíodh caipéisí Anraí VI sa bhliain 1910, agus foilsíodh an chéad imleabhar d'ábhar Éadbhaird IV sa bhliain 1914. Is cosúil gur thóg Berry ábhar na n-imleabhar díreach as na Rollaí. Níor foilsíodh

an dara himleabhar SPRI de chuid Éadbhaird IV go dtí 1939, agus ba é Morrissey a chríochnaigh an eagarthóireacht. Cé gur scriosadh na Rollaí sa dóiteán in 1922, agus cé gur cailleadh Berry sa bhliain 1932, insítear dúinn sa Réamhrá gur éirigh le Berry agus le James Morrissey athbhreithniú a dhéanamh ar thras-scríbhinní d'ábhar Éadbhaird ón 12ú bliain i leith, agus gur éirigh leo na tras-scríbhinní sin a chur i gcomparáid leis na Bun-Rollaí sular dódh iad, roimh a bhfoilsithe (SRPI ii:lxxv). Is i bhFraincis a scríobhadh an t-ábhar sna trí imleabhar seo. Is mórfhoinsí oifigiúla iad ina bhfaightear chéad fhoirmeacha stairiúla na logainmneacha *Downestown* [35] (*dovanestoñ*), *Drumman* [36] (*Drommyn*), *Kellystown* [43] (*Kellyeston*) agus *Piercetown* [89] (*Perston*).³ Frítheadh tagairt do *Thomas Veldon* freisin sa bhliain 1447, ar tugadh fealltóir air, agus ar áiríodh i measc fealltóirí eile é (SRPI Hen VI: 92) - cá bhfios nárbh é sliocht a shleachta siúd ba chúis leis an logainm *Veldonstown* [72], nár taifeadadh go dtí gur scríobhadh an *Civil Survey* sa 17ú haois?

Ná Fiosrúcháin - *Inquisitiones*

Ceal spáis, ní thagrófar ach do dhá eagrán na bhfiosúchán anseo, le go léireofar a gcáilíochtaí mar fhoinsí logainmneacha. Is iad sin *Calendar of Inquisitions formerly in the Office of the Chief Remembrancer of the Exchequer prepared from the MSS of the Irish Record Commission* (CI 1991 feasta) agus *Inquisitionum in officio rotulorum cancellariae Hiberniae asservatarum repertorium I* (*Lagenio*).

Is iontaofa an t-eagrán a réitigh Margaret Griffith ina bhfuil leaganacha achoimrithe de

32 volumes of Latin calendars of the inquisitions themselves and
42 volumes of deeds and wills extracted from them. (CI 1991:vii)

agus iad aistrithe go Béarla. Is cosúil nach raibh an t-ábhar leagtha amach rómhaith sna buntéacsanna agus go bhfuil cuid mhór logainmneacha mearbhallacha lochtacha le fáil sna buncháipéisí:

Unfortunately the calendars are very imperfect, both in plan and execution ... The transcribers were, in general, far from expert, their rendering of place names, no doubt already highly erratic

³ Tá teacht ar dhíl a reachtaíodh sa bhliain 1429 a dheonaigh £10 do dhílseoirí Anraí VI as caisleán a thógáil, a bheadh 40 troithe ar airde nó níos mó, 20 troithe ar fhad agus 16 troithe ar leithead, le go mbeidís an ann an fód a sheasamh in aghaidh naimhde an rí, a bhí ag déanamh slada agus scriosta orthu; tá tagairt ón mbliain 1449 le fáil san fhoinsé seo freisin, do chaisleán den tsórt seo a bhí Christopher Plunkett ceaptha a thógáil 'a Perston'. Níor éirigh leis ámh, cf. *Piercetown* [89].

even in the originals, often becomes in the calendars wildly corrupt. Ignorance of the Irish language, no doubt, contributed to this result. The fact that the inquisitions and their recited deeds and wills were transcribed by different clerks, with no attempt to compare the versions of names produced by both, led to further confusion. Many identifications in the index to the present edition are therefore merely tentative (CI 1991:ix).

Frítheadh na foirmeacha *Thurstone* (faoi dhó), *Thurlenstone*, *?Surenstone*, agus *Thurstenstone* (faoi dhó) [*Thurstianstown* anois] in aon cháipéis amháin de chuid Éilíse, mar shampla (Eliz 191/ 123 (fonóta 3), CI 1991:277, cf. *Thurstianstown* [88]), ní a léiríonn fairsinge na mírialtachta.

Inquisitionum in officio rotulorum cancellariae Hiberniae asservatarum repertorium I (Lagenio) (*Inq Lag* feasta).

Is foinse thábhachtach í eagrán James Hardiman de *Inq Lag* a foilsíodh sa bhliain 1826. Scríobhadh an chuid is mó de na hiontrálacha a bhaineann le Contae na Mí i Laidin (móide giorrúcháin) san eagrán sin, chomh maith le fíorbheagán cáipéisí ó aimsir Shéalais II (Car II in *Inq Lag*), a scríobhadh i mBéarla.⁴ Is léir go raibh Hardiman an-phointeáilte faoi thras-scríobh ainmneacha daoine agus logainmneacha agus chothaigh feabhas an eagrán muinín sa taighdeoir seo. Is mar seo a rinne Hardiman achoimre ar an eagrán a d’ullmhaigh sé:

In general

The Date of each Inquisition, and the place where taken.

The Name or Names of the Person or Persons to whom it relates.

The lands of which he or they was or were seized, their acreable or other contents, and real or nominal vallue.

The Time of his or their Death.

Their Heir or Heirs, and his or their Age or Ages, and Marriage.

The Tenure by which the Lands were held under the Crown, or its Tenant in Capite, or by Knight’s Service, &c. &c.

The repertory of each co. is preceeded by a Catalogue of its Inquisitions, and followed by copious INDEXES of PERSONS and PLACES, in which references are made to the Number of each Inquisition, placed according to Chronological arrangement

⁴ Bhaineas leas as an gcóip de *Inq Lag* atá san RIA. Tá dhá chóip eile de le fáil (go bhfios dom) i Leabharlann Hardiman in Ollscoil na Gaillimhe agus ag an SO i mBÁC. Tá páipéar breá téagartha i gcóip an RIA. Tá páipéar lag tanaí i gcóip Ollscoil na Gaillimhe.

in each Reign ... where blanks occur ... the original Documents are decayed or illegible ... In accordance with the text, Abbreviations have been necessarily used; but the general Uniformity adhered to, will be found, ... to remove any Obscurity which might arise from their Introduction. In the Names of the Counties, and other minor Particulars, Perspicuity has been chiefly consulted. The entire has undergone close Examination with the Originals, and the most minute Variations of Orthography, particularly in the Names of Persons and Places, have been carefully observed. James Hardiman (1826).

Tarlaíonn sé go minic go luaitear *alias* le logainmneacha áirithe atá cláraithe in eagrán Hardiman, mar shampla *Gallston al' Fingallston al' Arthurston* (Car I:159) nó *maner' de Marynerton al' Mornanton* (Jac I: 70). Is gné í seo a chuireann go mór le tuiscint an taighdeora ar shraitheanna stairiúla logainmneacha, go mór mór nuair nach mbíonn ach an fhoirm chomhaimseartha le sonrú i bhfoinsí eile.

Cáipéisí Llanthony agus Gormanston

I measc na bhfoilsíochán Laidine eile a ceadaíodh don tráchtas seo, tá dhá fhoinse ann, arbh fhiú aird a dhíriú orthu anseo, mar go bhfuil cuid mhór de luath-logainmneacha stairiúla Dhamh Liag Íochtarach iontu. Is iad sin *The Irish cartularies of Llanthony prima & secunda, edited from the mss.* a réitigh Eric St. John Brooks chun cló, a foilsíodh sa bhliain 1953, agus *Calendar of the Gormanston Register Circa 1175-1397* a d'eagraigh James Mills agus M.J Mc Enery chun foilsithe sa bhliain 1916.

The Irish Cartularies of Llanthony Prima & Secunda (ICL feasta).

Is foinse riaracháin thar a bheith luachmhar í ICL. Frítheadh foirmeacha de 29 logainm de chuid Dhamh Liag Íochtarach inti, a bhain leis an tréimhse ama idir críoch na 12ú haoise agus tús na 15ú haoise. Is cúrsaí bronnta, deachúna, agus seirbhísí is ábhar do cháipéisí éagsúla ICL. Tá scéal staire na nAgaistíneach Normannach a tháinig go hÉirinn sa 12ú haois le fáisceadh as na cáipéisí seo (agus an scéal sin léirmhínte go cuimsitheach ag Arlene Hogan 2008, cf. Caibidil 3, 5.2). Is as ICL a bailíodh cuid de na samplaí stairiúla de na logainmneacha is sine a frítheadh don tráchtas seo.

Calendar of the Gormanston Register c 1175-1397 (CGR feasta).

Rinne James Mills agus M.J. McEnery eagrán den lámhscríbhinn an *Calendar of the Gormanston Register c 1175-1397* agus foilsíodh sa bhliain 1916 é. Tá cóip den lámhscríbhinn ar ar bunaíodh an t-eagrán ar caomhnú mar mhicreascannán P. 5071 sa Leabharlann Náisiúnta. Bailiúchán cáipéisí a bhaineann le mainéar feodach mhuintir Preston atá ann, a bhfuil teidil agus sealúchais, bronntaí, socraithe cleamhnais, seirbhísí, deachúna, teidil scortha (*quit-claims*) mar ábhar iontu. Tá ábhar eaglasta in CGR freisin, sa mhéid is go ndéantar tagairt do dheachúna in amanna. Is foinse iontach luachmhar í sin don té ar mian leis staidéar a dhéanamh ar logainmneacha Dhamh Liag Íochtarach.

Rinne eagarthóirí CGR tras-scríobh ón Laidin ar 34 cháipéis, a mheas na húdair tábhacht ar leith a bheith ag baint leo (175-206) agus chuireadar aistriúcháin Bhéarla ar fáil dóibhsean freisin. D'aistriodar cáipéisí eile go Béarla, nó rinneadar achoimre Bhéarla díobh. Tá cáipéis amháin in CGR atá scríofa i bhFraincis, agus chuireadar aistriúchán Béarla ar fáil don cháipéis sin (170, f. 219). Chuireadar tras-scríbhinní ar fáil freisin, i gcás dhá cháipéis a scríobhadh i mBéarla (ibid:174). Ní dhearna Mills/ McEnery tras-scríobh ar na cáipéisí uile, ná níor chuireadar cáipéisí na lámhscríbhinne in ord croineolaíoch.⁵ Obair mhór a bhí i gceist an t-eagrán seo a réiteach chun cló. Deir na heagarthóirí:

The clerks who transcribed the principal section of the Register, folios 13-187, were very indifferent Latin scholars, and their work is full of errors. These were so numerous that the production of a complete text would have proved a very unsatisfactory work. They were wholly unskilled in the reading of the handwriting of the older charters, the capital letters especially proving hopeless stumbling-blocks. As a result many of the less familiar names, such as those of the witnesses are so misrepresented as to be often wholly unrecognizable in the forms in which the scribes of the Register have preserved them (Mills/ McEnery 1916:xviii).

Níor scríobh Mills/ McEnery an fhoirm stairiúil i gcónaí, ach bhreacadar síos an fhoirm chomhaimseartha corruair i gcás an bhaile fearainn *Stameen*, mar shampla, mar a luadh thuas. Mar sin féin, bhí CGR ar cheann de na foinsí ba luachmhaire ar baineadh leas aisti don staidéar seo ar logainmneacha Dhamh Liag Íochtarach. Ní hamháin go raibh leaganacha stairiúla de logainmneacha ábhartha pharóistí agus bhailte fearainn na

⁵ Ní mé ar leanadar seiceamh na gcáipéisí mar a breacadh san fhéilire iad.

leathbharúntachta le fáil in CGR a sheas go dtí an lá inniu, ach bhí tagairtí do mhuintir *Dullard, Fleming, agus Pille*, ar nascadh a sloinnte leis an mír shealbhach agus leis an eilimint TOWN go hiartheachtach, chomh maith le tagairtí do mhuintir *Cruce* agus *Tuit* ar nascadh a sloinnte leis an eilimint RATH, chun bailte fearainn a ainmniú. Luadh *Seissil*, as ar díorthaíodh an logainm *Sicily* in CGR freisin. Ba í CGR a chuir ar an eolas muid gurb é *Midnich[t]istoun* bunús *Ministown*. Agus bhí tagairt do mhuintir *Teling* a bhfuil an chosúlacht air gur thógadar a sloinne ó *Staleen* > TEACH + LITHGEN na Gaeilge. Aimsíodh os cionn 30 logainm ón leath-bharúntacht seo a bhfuil foirmeacha stairiúla díobh le fáil in CGR.

Tugadh gearrchuntas thuas ar chuid de na foinsí luatha ar baineadh leas astu sa tráchtas. Cé go mbíonn foirmeacha mearbhallacha agus tragláiilte le fáil sna téacsanna Laidne agus Fraincise, bíonn a ndóthain d'fhoghar na Gaeilge le sonrú iontu go minic agus iad traslitríthe de réir ortagrafaíocht na Laidine, na Fraincise nó an Bhéarla, le go mbeifear ina ann buille maith faoi thuairim a thabhairt maidir leis an nGaeilge bhunaidh as ar díorthaíodh na logainmneacha.

Díreofar aird anois ar na foinsí Béarla a ceadaíodh don tráchtas, a scríobhadh sa 17ú haois, san 18ú haois agus sa 19ú haois, a raibh áisiúlacht ar leith ag baint leo, de bharr an líon mór logainmneacha ábhartha a bhí cruinnithe iontu.

Foinsí na 17ú haoise

Ní phléitear tábhacht an *Civil Survey* [CS], an *Down Survey* [DS] ná an *Book of Survey and Distribution* [BSD] anseo. (Tagrófar arís dóibh i gCaibidil 1, **4.10. 5** agus **4.10. 6**). Is foinsí iad sin atá ina dtaisce óir don taighdeoir logainmneacha. Ní hamháin go mbíonn cur síos ar shuíomh áiteanna atá cláraithe sa CS, ach bíonn na háiteanna sin le feiceáil breactha ar léarscáileanna ealaíonta an DS a bhfuil cóipeanna díobh caomhnaithe ar mhíocrascannáin sa Leabharlann Náisiúnta, (cf Liosta na Léarscáileanna ar lch 606), agus tagraíonn an BSD don DS freisin. Deir Goblet:

... the BN atlas is the unique complete cartographical document representing, perpetuating, the mapping work of the D.S., the first map ever made from the measurement of the land of a whole country (1932:x)

Ní mhaireann na bun léarscáileanna ar fad, ach deir Goblet:

There still exists two sets of barony and county maps, mostly abridged from the official parish maps, but completed from some other sources. The county maps have been engraved so that their complete loss is now practically impossible (*ibid:ix*).

agus níos túisce, i lár na 19ú haoise, deir Larcom:

It is known ... how extensively they [the maps] suffered from the fire which destroyed the Council Office, and Surveyor-General's office, in 1711, when the greater part of the contents of those depositories were consumed or lost ... restoration of the barony maps, by copies made by General Vallancey ... have been placed in the Custom House (1851:ix).

Tugtar cóip de léarscáil shamplach *The Parrishes of Killcarvan Colpe & Julianstown by W^m Farrand* atá ar caomhnú ar mhíocrascannán sa Leabharlann Náisiúnta (P7382A) thíos, (mar aon leis an geur síos ar na paróistí a thagann díreach roimhe sa DS). Is é *Dan^l O' Brien Surv^r* a rinne an chóip seo - níl mé in ann a rá go díreach cén uair a tharraing Daniel O' Brien í.

The Parrish of Killecarvan

Is Bounded on the North with the Parrish of Colpe on the South with the Parrish of Duleeke and Moorechurch on the west with Duleeke and on the East with the Parrish of Julyanstowne. The Quality of the Soyle thereof is Arable Meadow and Pasture. It contains the Ensuing Townlands VIZ Killecarvan Shallon Grafty Bolloghan Callaghtowne Gaffney Anagor Vauhaggard Balgeene. There is in Killecarvan a ruined Church In Shallon a castle and House in Repair. In Grafty another faire House In Bolloghan another and a remarkable well called St Comes well In New Haggard another House and in Balgeene a few Cabbins the Varry Water flows to the South side of it over which there is a bridge called Dardis towne Bridge.

Numbr th in Plott	Proprietors Names	Denomint. of Landes	Number of Acres by Admeasurmt.	Landes Profitable	Unprofitable
1.	Edward Tans Jr. pap.	Killecarvan	70.0.0	Ar. me. pa. 70.0.0	
2.	The Same	Shallon	240.0.0	The Same 240.0.0	
3.	William Plunkett Jr. pap.	Grafty	97.2.0	Furzy past 97.2.0	
4.	Symon Suttrell J. pa.	Bolloghan	111.1.0	111.1.0	
5.	Barthol. Moore Jr. pa.	Callaghtowne	124.3.0	Ar. & past 124.3.0	
6.	Stoaks of Micharstown Jr. pa.	Gaffney	55.1.0	Ar. me. pa. 55.1.0	
7.	The Same	Anagor	115.3.0	The Same 115.3.0	
8.	George Talbot Jr. pa.	Newhaggard	121.0.0	The Same 121.0.0	
9.	Robert Allen Jr. pap.	Balgeene	205.0.0	The Same 205.0.0	
6*	Protestant Land in Gaffney		70.0.0		

The Totall of Forfeited Landes is 1140.2.0 — 1140.2.0

the Parrish of Colpe

Is Bounded on the South with the Parrishes of Killecarvan and Julyanstowne on the North with the Liberties of Droghedagh and part of the County of South being bound with the River Boyne on the East with the Sea and on the West with the Parrish of Duleeke. The Quality is Arable Meadow and pasture. It contains the Ensuing Townlands VIZ Greate Stameene Little Stameene Newtowne Staggerman Bymore Rybegg Colpe Painestowne Ballemade Pillstowne Doneycarny Beataghstowne and Mornantowne. There stands a old Church at Staggerman and another in Mornantowne with two good Farm Houses and a Corn Mill in Repair and the walls of an old Church in Colpe and a Habitable castle and two Farm Houses in Greate Stameene there is a great Strong House in Repair and a Corn Mill and a Habitable castle and a Farm House in Doneycarny.

1.	John Bellew Jr. pap.	Greate Stameene	111.3.36	Ar & past 111.3.36	
1b.	The Same	In the Same	8.2.0	The Same 8.2.0	
2.	The Same	Little Stameene	40.2.0	Furzy past 40.2.0	
3.	The Same	Newtowne	63.2.0	Ar. & pa. 63.2.0	
4.	The Same	Staggerman	57.0.0	The Same 57.0.0	
5b.	John Dracott Jr. pa.	Bymore & Rybegg	620.0.0	620.0.0	
8.	John Bath Jr. pa.	Colpe	237.3.32	Ar. me. pa. 237.3.32	
8q.	John Draycott aforid	In the Same	147.3.0	The Same 147.3.0	
8p.	Bathes Propriety	In the Same	14.0.0	Arable 14.0.0	
8b.	The same	In the Same	13.2.0	Arable 13.2.0	
9.	John Bath Jr. pap.	Painestowne	138.0.0	Ar. & pa. 138.0.0	
10.	The same	Ballymade	53.1.0	Furzy pa. 53.1.0	
11.	Nicholas Dowdall Jr. pa.	Pillstowne	138.2.0	Ar. me. pa. 138.2.0	
12.	John Golding and Valeriean Weisley Jr. papist	Doneycarny	130.0.0	The Same 130.0.0	
13.	Ja. Barnw. & Weisley aforid	Beataghstowne	308.0.0	The Same 308.0.0	
14.	Ja. Draycott and Valeriean Weisley J. pa.	Mornantowne	743.0.0	The Same 743.0.0	
14d.	The Same	In the Same	155.0.0	The Same 155.0.0	

The Totall of Forfeited Landes 2980.1.28 — 2980.1.28

the Parrish of Julianstowne

Is Bounded on the South with the Parrishes of Balligart and Moorechurch on the North with the Parrish of Colpe on the East with the Sea on the West with Killecarvan Parrish. The Quality of the Soyle thereof is Tribler Meadow and Pasture and contains the Townlands following VIZ Julyanstowne Camanstowne Rogerstowne Vinch Dayton Ministowne Smithstowne. The South side of this Parrish is bound with the Varry Water over which there is a faire Bridge called Julyanstowne Bridge on which River there stands a Corn Mill belonging to Smithstowne in Smithstowne there stands a faire Stone House in Repair another in Rogerstowne In Julyanstowne an old Church and two Farm Houses and in all the rest some Cabbins.

1.	J ^d . Vetterwill Jr. pap.	Julyanstowne	300.2.20	Ar. me. pa. 300.2.20	
2.	The Same	Damanstowne	138.0.0	Ar. pa. 138.0.0	
3.	Robert Preston Jr. pap.	Rogerstowne	300.2.0	Ar. me. pa. 300.2.0	
4.	Stollywood of Arlagan Jr.	Vinch	344.0.0	The Same 344.0.0	
4b.	Lord Vetterwill aforid	In the Same	148.1.0	The Same 148.1.0	
5.	The Same	Seyton	9.2.0	Ar. & pa. 9.2.0	
6.	Michael Taylor Jr. pa.	Ministowne	207.2.0	Ar. & pa. 207.2.0	
7.	William Hamlyn Jr. pap.	Smithstowne	290.2.0	Ar. me. pa. 290.2.0	
7.H	The Same	part of the Same	14.0.8	The Same 14.0.8	

The Totall of Forfeited Landes is 1752.3.28 — 1752.3.28

The Parrishes of Kilcarvan Colpe & Julianstowne by Wm. Stansfield

An Exact copy by Wm. Stansfield

Note that No. 6 in Kilcarvan Parrish is returned by the Admeasuror unforfeited
 In Colpe Parrish in Item: Wm. Hamlin is let^d proprietor by the Admeasuror
 2: In Colpe Parrish Joh. Bellow Jr. pa. proprietor
 3: In Julianstowne Parrish is called Section St. Netherwill Jr. pap. Ar. past 9:2:0
 4: 6 part of Neth. St. Netherwill pap. proprietor Turry past
 7: H. part of Smithtown belonging to Wm. Hamlin Jr. pap. Ar.
 8: 6: Bath Jr. pap. part of Colpe Ar. 13:2:0
 8: p. Bristol's Baths property Jr. pap. part of Colpe 14:0:0
 5: 1 part of great Stameene
 4: 6: In the Ninch in Julianstowne Parrish St. Netherwill prop. Turry 18:1:0
 7: H. In the same Parrish in Ministowne Wm. Hamlin Jr. pap. prop
 6: * Gaffney returned by the Admeasuror unforfeited

Ferrard Barrony

Libertys

Uroghedagh

Duleeke

of

Parrish


The

Parish

of

manachud

Ballygart



Foinsí na 18ú haoise:

Baineadh leas as dhá fhoinse a scríobhadh san 18ú haois don tráchtas seo.¹ Ceann acu is ea ‘*Landscape in Transition: Descriptions of Forfeited Properties in Counties Meath, Louth and Cavan in 1700*’ a chuir Arnold Horner agus Rolf Loeber in eagar sa bhliain 2011 (cf. Caibidil 1, 4.10.7) agus is é *Monasticon Hibernicum or, An history of the Abbeys, Priories, and other Religious Houses in Ireland, interspersed with Memoirs of their Several Founders and Benefactors, and of their Abbots and other Superiors, to the time of their Final Suppression* a chuir Mervyn Archdall in eagar a foilsíodh sa bhliain 1786 an ceann eile. Is i mBéarla a scríobhadh an dá fhoinse seo.

Monasticon Hibernicum (1786)

Ba é an chéad eagrán de *Monasticon Hibernicum* (1786) an fhoinse ba luachmhaire de chuid na 18ú haoise ar baineadh leas aisti chun teacht ar shamplaí de logainmneacha Dhamh Liag Íochtarach.² Bhailigh Archdall an t-eolas don eagrán as foinsí éagsúla, mar a deir sé ar an leathanach teidil:

Collected from English, Irish and Foreign Historians, Records and other Authentic Documents and from many curious and valuable manuscripts.

Cuireann Archdall síos ar na ‘Monkish Order[s]’ agus é ag tagairt do na foinsí a bhí ar marthain sa tír. Deir sé:

From such a succession it might be imagined, that there could not be a dearth of chartularies, register, leger-books, obituaries, and other evidence of the origin and state of our Abbies; but this is far from being the case. The various convulsions, which Ireland experienced, banished many of her religious to the Continent; some of our ecclesiastical records were carried away, but much more were lost in the turbulence of the times. Happily the inquiries of Sir Robert Cotton, Archbishop Usher [†1656] and Sir James Ware [†1666], impressed a value on such documents, and preserved them from total destruction ... Authentic vouchers were not easily had, even when they were, it

¹ Ach féach Caibidil 1, 4.10.7.1 a bhfuil tagairt déanta do na *Headfort Papers* Ms 26,735 agus MS 25,736 a scríobhadh sa bhliain 1792 (ar caomhnú sa LN) nach bhfuairéas in am don alt seo.

² Más é Archdall a scríobh MS.3234 atá ar caomhnú sa Leabharlann Náisiúnta, is léir go raibh suim ar leith aige i logainmneacha. Is é teideal na lámhscríbhinne sin ná *Hiberniae antiquae et novae nomenclatura*, agus is gasaítear í. Tá nóta scríofa ar leathanach leathdhéanach na lámhscríbhinne seo a deir gur ar an 12 Eanáir 1771 a críochnaíodh í.

was no small labour to decipher musty and wormeaten manuscripts and ascertain their contents (Mon Hib xiii-xiv).

Cé gur foilsíodh *Monasticon Hibernicum* san 18ú haois, is léir gur éirigh le hArchdall teacht ar sheanfhoinsí Laidine, a raibh foirmeacha ársa scríofa iontu, agus feicfear gur minic a bhíonn logainmneacha Archdall inchurtha le samplaí ó fhoinsí luatha Laidine sna samplaí stairiúla de na logainmneacha a bailíodh don tráchtas seo. Is féidir teacht ar an eolas a bhíonn ag Archdall agus ag staraithe eaglasta eile ar fhondúireacht mainistreacha, chomh maith leis an eolas a bhíonn ag seandálaithe i dtaobh suíomhanna agus fothrach mainistreacha ar an idirlín (<http://monasticon.celt.dias.ie>). Is iontach áisiúil é an suíomh idirlín sin nuair a bhaintear leas as in éineacht le Féilirí na Naomh, chun ainmneacha agus áiteanna lonnaithe na naomh a sheiceáil, agus ar ndóigh, tugtar leabharliosta cuimsitheach ar an suíomh idirlín céanna.

Foinsí na 19ú haoise

Tá lámhscríbhinní de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis ar caomhnú sa Chartlann Náisiúnta ar a bhfuil *Name Book of Baronies & Parishes in the County of Meath* OSO, *July 1836*, agus *Ordnance Survey Name Books Meath* (Na hAinmleabhair feasta). Foinse eile is ea *Letters containing information relative to the antiquities of the County of Meath collected during the progress of the Ordnance Survey in 1836* (*Ordnance Survey Letters* nó OSL feasta, eagrán Herity 2001) a scríobhadh thart ar an am céanna. Pléifear OSL ar dtús.

Ordnance Survey Letters (OSL)

Tá eolas le fáil faoi thírdhreach na Mí, faoi fhothracha, faoi thoibreacha agus eile, chomh maith le heolas faoi logainmneacha sna litreacha a scríobh Seán Ó Donnabháin, Thomas O’Conor agus Patrick O’Keefe agus iad ag obair don Suirbhéireacht Ordanáis i gContae na Mí sna 1830í. Bhraith Ó Donnabháin go raibh deacrachtaí ar leith ag baint le logainmneacha Chontae na Mí, agus deir sé:

Meath has been so long in the possession of the English that a great number of the ancient names is obliterated, or so oddly anglicised that it is now almost impossible to identify them with their original appellations (95).

Bhain Ó Donnabháin leas as litríocht na Gaeilge agus é ag iarraidh suíomh logainmneacha a aimsiú (OSL *passim*), agus tá eagrán ARÉ Uí Dhonnabháin breac le fonótaí a nascann na logainmneacha atá luaite in ARÉ leis na foirmeacha galldaithe a bhí

in úsáid go hoifigiúil agus eisean i mbun pinn sa 19ú haois. Sheas an chuid is mó d'fhoirmeacha galldaithe na logainmneacha sin go dtí an lá inniu. Maidir leis na foinsí stairiúla riaracháin a cheadaigh sé, is léir gurb iad cáipéisí na bhFiosrúchán na foinsí ba luaithe a bhí ar fáil dó, gné a chuirtear in iúl, go hindíreach, mar a leanas:

I am particularly careful about ascertaining the situation of Churches and Saints, because when I have once proved the situation of a Church I may meet notices of the Territories in which they were situated, which is now almost the only clue to discover the extent of the ancient Territories of Meath, as the Inquisitions are too modern (39).

Ar ndóigh thosaigh lucht na Suirbhéireachta Ordanáis ag obair sna 1830í, sula raibh aon eagrán de cháipéisí luatha na gcoilíneach ar fáil (CDI, CJR srl thuasluaite) agus thángthas ar chonclúidí míchearta i leith logainmneacha áirithe anois is arís, toisc nach raibh na foinsí sin acu, mar a thaispeánfar sa tráchtas. Ba é O'Conor a scríobh na litreacha ábhartha agus é ar chamchuairt trí bhailte fearainn Dhamh Liag Íochtarach *circa* 1836, agus pléifear ar scríobh sé faoi leaganacha Gaeilge logainmneacha ar ball (OSL 104 - 149).

Na hAinmleabhair

Baineadh leas sa 19ú haois as modh oibre ar leith ar mhaithe le teacht ar fhoirmeacha údarásacha logainmneacha atá dílis do bhunfhoirmeacha na Gaeilge .i. leaganacha logainmneacha stairiúla a chruinniú, staidéar a dhéanamh orthu agus an bunleagan a aimsiú agus a scríobh de réir nósanna na hortagrafaíochta comhaimseartha, dá mb'fhéidir. Is í an mhodheolaíocht chéanna a leantar sa tráchtas seo. Tá toradh na hoibre a rinne Seán Ó Donnabháin, Patrick O'Keefe agus Thomas O'Conor le feiceáil sna hAinmleabhar. Rinne siad iarracht choinsiasach teacht ar bhunleagan Gaeilge de roinnt mhaith logainmneacha. Is féidir a rá gurbh shin í an chéad uair i stair na tíre a rinneadh iarracht oifigiúil logainmneacha Gaeilge a bhí claochlaithe as a riocht a chlárú i gceart i gcáipéisí stáit. Tá taifid scanáilte (TS) ar fáil ar a raibh lámhscríofa ag lucht na Suirbhéireachta Ordanáis curtha ar *logainm.ie* (2013) anois, chomh maith le taifid téacs (TT) áit a bhfuil tras-scríobh déanta ar shamplaí a tógadh as na hAinmleabhair, móide taifead ar an taighde a rinne lucht na Suirbhéireachta Ordanáis ó shin.

Bhain Ó Donnabháin leas as córas noda uimhrithe, a chuireadh sé ar leathanach leathdhéanach gach Ainmleabhar. Ní chláraítear ar leathanaigh na nAinmleabhar ach leaganacha stairiúla logainm ar leith agus uimhir (atá mínithe sna noda a scaoiltear ar an

leathanach leathdhéanaigh), ach ní luaitear aon dáta leo. Go tráthúil, tháinig mé ar leathanach na noda, a bhí as féin, ní a chuir ar mo chumas uimhreacha na noda a scaoileadh i gcás cuid de na foinsí atá luaite sna hAinmleabhair, féach an tras-scríobh de thíos:

Noda Uí Dhonnabháin mar atá aige sna hAinmleabhair		
Year	No.	
Inquisitions		1
Down Survey		2
Ecclesiastical Annals		3
Rocque's Map		4
Taylor & Skinner's Maps	1777	5
Wilson's Book of Roads		6
Archdall's Hib:Nom ^{va}	„ [recte 1771. (= LNÉ Ms 3234)]	7
D ^o Monast ⁿ Hib ^m	1786	8
Beaufort's Memoir	1792	9
Seward's Top ^a Hib ^{ca}	1795	10
Scales's Atlas	1809	11
Carlisle's Top ^l Dict ^y	1810	12
Arrowsmith's Map	1821	13
H ^{se} C ^{ns} Pop ⁿ Return	„	14
Beaufort's Map	1824	15
H ^{se} C ^{ns} Survey of Val ⁿ Report	„	16
D ^o Educat ⁿ Report	1826	17
Irish Eccles ^l Reg ^r	1830	18
H ^{se} C ^{ns} D ^o Enquiry	1831	19

D ^o Tythe Comp n Return	1830	20
Thompson's Stat ^l Survey	1802	21
Boundary S ^{vs} Sketck (sic)		22
xxxxxxxxxxxxxxxxxxxxxxxx	-xxxxxxx	23*
Lanigan's Eccles ^l History	1829	24
County Map	1812	25
Beaufort's Map	1797	26
High Constable's List of Slane Bar ^y		27
Engraved Maps from Down Survey	1683	28
Larkin's Map of Meath	1812	29
County Presentments	1828 & 30	30
” ”	1830 & 31	31
County Abstract	1830	32
Beaufort's Map	1797	33

OS 92/ 28 [scríofa i lámh eile]
* Cuireadh líne trí 23

Bíonn tagairtí le fáil go minic ar Ainmleabhair bhailte fearainn Dhamh Liag Íochtarach, as trí fhoinsé bhreise, nach luaitear ar an liosta thuas. Is iad sin *Brodigan*, *Quit Rents (Old Copy)* agus *Grand Jury Rates*. Níor fhiosraigh mé dátaí na dtagairtí sna *Quit Rents*, ach reachtaíodh an *Quit Rent Act* sa bhliain 1697 (Crook 1697). Is cosúil gur saghas rialtas áitiúil a bhí sa *Grand Jury* a shocraigh an ráta *cess* i measc dualgaisí eile, agus is chuig an *Grand Jury* a dhéantaí *Presentments*, féach ‘County Presentments’ ar liosta foinsí Uí Dhonnabháin thuas.³ Maidir le samplaí Bhrodigan, chuireas a chuid taifead i dTáblaí logainmneacha an tráchtais, cé nach raibh mórán sásaimh iontu, toisc deacrachtaí a bheith le haois cháipéisí Bhrodigan a mheas, gné a phléifear ar ball.

³ Féach <http://www.carlowlibraries.ie/documents/archives/grandjury.pdf>

Is féidir dátaí foinsí áirithe a bhí ag O’Conor/ Ó Donnabháin in 1836 a aimsiú anois ar an suíomh idirlín *logainm.ie* (2013),⁴ má leagtar cúrsóir an ríomhaire ar chló dubh noda na foinse atá le fáil ar leathanaigh TT. Is dul chun cinn iontach é seo. Tá tagairtí ábhartha a d’aimsigh foireann na Suirbhéireachta Ordanáis ó shin le fáil ar an idirlíon freisin (cf. TT *logainm.ie* 2013). Bíonn na sonruithe an-áisiúil don taighdeoir, cé go bhfuil corrbhotún cláraithe ar an suíomh, arbh í an tagairt do ‘Archdall (King)’ (tagairt ón Ainmleabhar, ar ndóigh) an ceann is mó a chuireann mearbhall ar an taighdeoir, ceann ab fhiú a cheartú anseo.

Foilsíodh dhá eagrán de *Monasticon Hibernicum*, saothar Archdall. Tá *Printed for L. White Dublin* ar an gcéad eagrán, a foilsíodh in 1786, an t-eagrán a luadh thuas. Is san eagrán seo amháin a phléitear cúrsaí eaglasta Chontae na Mí. Ba é Rev. Patrick F. Moran a chuir eagar ar an dara heagrán. Tugadh le fios ar leathanach teidil eagrán Mhoran (Imleabhar i) go bhfoilseofaí trí imleabhar, ach níor foilsíodh ach dhá imleabhar, sna blianta 1873 agus 1876 faoi seach. Tharlódh go raibh cúrsaí eaglasta Chontae na Mí le bheith in Imleabhar iii. Is cosúil nár foilsíodh Imleabhar iii riamh, ámh. Cé go bhfuil pictiúr d’ardeaspag *King* ar thulmhaisiú Imleabhar ii 1876,⁵ níl aon phlé ar aon áit i gContae na Mí san imleabhar sin, ná níl aon trácht ar Chontae na Mí sa chéad imleabhar (1873) ach an oiread.

Nuair a bhíonn ‘Archdall from King AL:59’ nó ‘Archdall Mon. Hib. (King) AL:34’ nó a leithéid scríofa mar thagairt san Ainmleabhar, nó curtha ar TS *logainm.ie*, is ar ais chuig an mbunfhoinsé 1786 de *Monasticon Hibernicum* a chuaigh an taighdeoir seo chun foirm an logainm san fhoinsé sin a chinntiú.

Dátú Cóipeanna de Cháipéisí a bhí ag Brodigan

Bhíothas in ann dátaí na mbuncháipéisí ar bunaíodh cóipeanna Bhrodigan orthu a réiteach in amanna, le cúnamh ón *Regnal Years Calculator*,⁶ féach:

Copy (Thos Brodigan Esqre of Billtown [*recte* Gilltown]) of
Inquisition held at Navan on the 12th January in the 28th year of
King Henry the 8th. (AL:43)

Ba é 1536/ 1537 dáta na bunchóipe as ar tógadh an tagairt thuas, (thosaigh bliain an rí ar an 31 Márta);

⁴ Is iad 1836 nó 1838 na dátaí atá le fáil ar *logainm.ie* (2013) mar dhátaí ar cláraíodh tagairtí sna hAinmleabhair sa 19ú haois.

⁵ Féach a phictiúr, a ainm agus a theideal: *William King, Lord Archbishop of Dublin 1650-1729*

⁶ http://people.albion.edu/imacinnis/calendar/Regnal_Years.html

agus

Copy ... taken from the book of forfeitures & confirmed
by the act of settlement of 1662 or 12th Charles 2nd (AL:46).

Ba é 1672 dáta bhunchóip na cáipéisí sin. Uaireanta eile, bhí mé in ann cáipéis a aimsiú, ar dócha gurb í an bhuncháipéis as a ndearna Brodigan a chóipsean; féach mar shampla *Payneston* (Colp, AL:11) atá mínithe i ndeireadh an Ainmleabhair mar:

Copy ... of translation of Charter of Walter de Lacy reciting &
confirming a grant made by Hugh his father of various churches
& lands in Ireland' (OS 88 Meath, AL:42).

Scríobhadh cáipéis den tsórt seo i Laidin c 1230 - 1234, féach ICL:83 LXVIII, *Carta... Walteri...* Níorbh fhéidir a bheith cinnte i gcónaí ámh, cé acu buncháipéis a ndearna Brodigan a chóipsean aisti, agus ní i gcónaí a thagann foirm logainm atá breactha ar chóip Bhrodigan leis an bhfoirm atá sa bhuncháipéis dhóchúil; féach mar shampla, *Donacarney Little/ Donacarney Great* [7] (1)⁷ a bhfuil an fhoirm *Duuenacharny* luaite sa bhuncháipéis Laidine c 1230-34 (ICL:83 LXVIII, *Carta... Walteri*, ach is é *Dunecherney* (38) an leagan atá ar chóip Bhrodigan de chairt Walter de Lacy san Ainmleabhar, nach mar a chéile iad. Féach freisin *Marinerstown* (42), *Mornington* [10] atá ceaptha a bheith ar chóip de cháipéis a scríobhadh c 1536-37, ach fuaireas an sampla *Marlanton* (23) ar cháipéis a raibh an bhliain 1537 luaite leis.

Leaganacha Gaeilge Logainmneacha na 19ú haoise: Cúlra na Fianaise

Is casta an fhianaise atá ann maidir le logainmneacha Gaeilge sa 19ú haois, agus caithfear na leaganacha Gaeilge a mhol Ó Donnabháin, O'Conor agus O'Keefe a mheas i gcomhthéacs na fianaise atá ar fáil faoi ghnás labhartha an phobail san aois sin. De réir figiúirí dhaonáireamh 1851 níor labhair ach 1% den phobal Gaeilge i nDamh Liag Íochtarach. Is cosúil gur fáisceadh an toradh 1% sin as freagraí a tugadh ar cheist faoi labhairt na Gaeilge a bhí i bhfonóta na foirme. Athraíodh an cheist sin amach as na fonótaí agus tugadh áit níos lárnaí di i gcabhair na foirme den chéad uair i bhfoirm dhaonáirimh 1881 (Adams 1979), agus bhí an chuma ar an scéal go ndeachaigh líon na gcainteoirí Gaeilge suas in Ultaibh an bhliain sin, seachas mar a bhí i mblianta na ndaonáireamh 1851, 1861 agus 1871, treocht nach mbeifí ag súil léi i bhfianaise na staire. (Fitzgerald 1984:117-18). Níor tharla sé sin i gcás líon chainteoirí Gaeilge Dhamh Liag

⁷ Tagraíonn an uimhir i lúbíní, (1), don chéad sampla stairiúil a bailíodh do *Donacarney* [7] mar atá sé cláraithe i dTábla na samplaí i gCaibidil 2, cf. an Modh Eagarthóireachta.

Íochtarach, ámh, de réir na taighde a rinne Fitzgerald agus é ag leanúint mhodheolaíocht Adams,⁸ agus tugtar na torthaí a fuair Fitzgerald ar Dhamh Liag Íochtarach thíos:

Damh Liag Íochtarach⁹										
Meastachán ar líon na gcainteoirí Gaeilge mar chéadatán den phobal a rugadh idir na blianta 1771 agus 1871										
Bliain	1861-	1851-	1841-	1831-	1821	1811-	1801-	1791-	1781-	1771-
Breithe	71	61	51	41	-31	21	11	1801	1791	1781
Líon na ndaoine a tógadh le Gaeilge	0%	0%	1%	1%	4%	12%	20%	30%	40%	42%

Ríomhas an aois a bheadh orthu nuair a bhí O’Conor i nDamh Liag Íochtarach:

Damh Liag Íochtarach										
An aois a bheadh an 1% den daonra thuasluaite idir na blianta 1831 -1841, má bhí siad fós beo,* mar is sa bhliain 1836 a bhí O’Conor/ Ó Donnabháin i mbun oibre:										
Bliain a rugadh	1861-	1851-	1841-	1831-	1821-	1811-	1801 -	1791-	1781	1771-
	71	61	51	41	31	21	11	1801	-	1781
								1791		
Aois 1836 - 38				0-9	10-19	20-29	30-39	40 - 49	50 - 59	60-69

*Níl aon eolas againn ar bhásmhaireacht na ndaoine hipitéiseacha seo.¹⁰

⁸ Measadh go raibh gannmheastúchán déanta ar líon chainteoirí na tíre (agus is cosúil go raibh i gcás ceantar áirithe). D’éirigh le Fitzgerald leas a bhaint as torthaí *Census* na bliana 1881 le haghaidh na *Dispensary Districts* agus na torthaí a frítheadh sna daonáirimh 1851 agus 1861 a bhí bunaithe ar na barúntachtaí a chomhghaelú agus líon na gcainteoirí Gaeilge a eachtarshuí siar go dtí an bhliain 1771. Tá míniú le fáil ar an modheolaíocht ar baineadh leas aisti in Appendix B (Fitzgerald 1984:141). Is i gcéatadain atá torthaí ríomh na taighde tugtha - níl a fhios againn cé mhéid cainteoir Gaeilge a bhí i gceist in aon cheann de na daonáirimh, mar ní raibh líon bunaidh an phobail ar fáil níos mó, agus an taighde ar bun, féach: ‘The original census returns from 1861 and 1871 were destroyed shortly after the censuses were taken. Those for 1881 and 1891 were pulped during the First World War, probably because of the paper shortage. The returns from 1821, 1831, 1841 and 1851 were, apart from a few survivals, notably for a few counties for 1821 and 1831, destroyed in 1922 in the fire at the Public Record Office at the beginning of the Civil War’ (www.census.nationalarchives.ie/help/history/html 2013).

⁹ Bunaithe ar **Table 3**: Estimated minimum level of Irish-speaking by baronies among successive decennial cohorts, born 1771-1871 (Fitzgerald 1984:131).

¹⁰ Tagraíonn Fitzgerald (123) don ráta básmaireachta (nach bhfuil aon taifead oifigiúil ar fáil dó). Tagraíonn sé don eisimirce (122) freisin (nach bhfuil sonraí cruinne ann di ach an oiread). Luann sé an

Is cuiditheach é páipéar Fitzgerald 1984, ach

(i) níl a fhios againn cén líon daoine ar ar bunaíodh an taighde, as ar eachtarshuíodh na torthaí (nach bhfuil ar fáil ach i gcéatadáin), agus

(ii) dá mbeadh líon an daonra sin ar eolas againn, níl a fhios againn cé mhéid acu a rugadh roimh 1831 a bheadh fós beo agus O’Conor/ Ó Donnabháin i mbun oibre - ní dócha go mbeadh faisnéiseoirí faoi 9 mbliana d’aois aige, ná ní dócha go mbeadh daoine nach raibh an tsláinte rómhaith acu mar fhaisnéiseoirí aige [?seandaoine], rud a d’fhágfadh daoine a bhí in inmhe agus a bhí in ann obair mar fhaisnéiseoirí aige. Mar sin, cé go bhfuil an céatadán againn de dhaoine a raibh Gaeilge acu idir 1831 agus 1841, is fánach aon tuairim a thabhairt maidir le líon na nGaeilgeoirí a bhí i nDamh Liag Íochtarach, mar níl a fhios againn cén daonra a bhí ann sna 1830í, ná (iii) níl sonraí againn den ráta básmhaireachta, ná (iv) níl sonraí de ráta na heisimirce againn, de Ghaeilgeoirí ná de Bhéarlóirí. Agus i ndiaidh an ríomha sin uile, fuair Fitzgerald an toradh gurb é 1% den phobal líon na nGaeilgeoirí i nDamh Liag Íochtarach idir na blianta 1831 agus 1841. Frítheadh an céatadán céanna, 1%, mar líon na nGaeilgeoirí i ndaonáireamh 1851, idir 10 agus 20 bliain ina dhiaidh sin.

Leaganacha Gaeilge Uí Dhonnabháin agus O’Conor

Cé nach raibh Gaeilge ar bith in áiteanna áirithe i gContae na Mí in 1836 de réir Uí Dhonnabháin:

The Scotie Language has totally disappeared in the south west angle of East Meath, where it joins Kildare, the King’s County and Westmeath, and the ancient traditions are entirely forgotten which caused me to get done in that neighbourhood as soon as possible (OSL:207)

glactar leis go raibh Gaeilge ag 1% den phobal in áiteanna eile sa chontae, agus d’éirigh le Ó Donnabháin labhairt le cuid díobh sin. Tugann O’Keefe ainm agus sloinne na bhfianaiseoirí a thug leaganacha Gaeilge dó (OSL:263, 264, 265, 267),¹¹ agus deir sé:

Gorta mór ach ní deir sé aon cheo maidir leis an tionchar a bheadh aige ar dhaonáireamh na tíre (128). Deir sé nach raibh duine ar bith fanta, arbh í an Ghaeilge a mháthairtheanga (*monoglot*), i mbarúntacht ar bith i gContae na Mí faoi 1851 (152, Table 6).

¹¹ Labhair Patrick Clarke, Nicholas Walsh, Patrick Dowling, Mary Greenan, George Hand, Thomas McCoy leis agus thugadar an fhoirm Ghaeilge a bhí acu ar roinnt bhailte fearainn dó (*passim*).

Crickstown Parish ... called by the people *Circioston* (for which no meaning) ... In Crickstown townland are the ruins of an old church called *Teampull Chircioston* in Irish' (266).

Is i lámh Thomas O'Conor a scríobhadh na litreacha a bhain le Damh Liag Íochtarach (OSL 104 - 149) agus faightear tagairt anonn is anall do leagan Gaeilge logainm iontu. Go hiondúil, tugann O'Conor an leagan Béarla de bhaile agus an leagan Gaeilge ina dhiaidh. Is i nGaeilge amháin a bhíonn ainmneacha na seanteampall aige:

Moorchurch Parish is called *Baile Mhur*.

In the Townland is an old Church in ruins called *Teampull (sic) Bhaile Mhur* (132).

Athlumney Parish is called *Ard Luimneach*. In the Townland of *Athlumney* is an old church in ruins called *Teampal (sic) A- L-* (141).

Follistown Parish is called *Baile Follaigh*. In the Townland of Follistown is an old church in ruins called *Teampal Bhaile Folaigh*; within thirty perches of it to the north, there is a well called *Tobar Muire* (141).

Staffordstown Parish is called *Baile an Stafardaigh*. In the Townland is an old church in ruins called *Teampal Baile an Stafardaigh* ... there is a well called *Tobar Muire* (142).

Kilcarn Parish is called *Cille Charnn*. There is an old church in ruins in the Townland of Kilcarn called *Teampal Chille Charnn (ibid)*.

Dowdstown Parish is corruptly pronounced *Dústun*. In the Townland of Dowdstown is an old church in ruins called *Teampal Dhustun (sic)* ... There is a well (not a holy well) in the Townland, which is called *Tobar na Mias* (143).

Mounttown (*sic*) parish is called in Irish *Baile na Manach*, wherefore is ought to be Anglicized Monkton ... There is an old church in ruins in the Townland of Monkton called *Teampal Bhaile na Manach* (145).

Danestown Parish is called *Baile Dháinne* (149).

Caithfidh sé gur baineadh leas as ainmneacha Gaeilge amháin do na teampaill, ach níl sé soiléir ó na samplaí thuasluaite arbh iad na faisnéiseoirí a thug leaganacha Gaeilge na mbailte thuasluaite do O'Conor, mar ní luann sé 'the people' go pointeáilte mar a luann O'Keefe i gcás *Circioston/ Crickstown Parish (passim)*.

Is ainmneacha Gaeilge amháin atá taifeadta ag O’Conor agus ag Ó Donnabháin i gcás bunáite na dtoibreacha a luann siad (OSL:26 , 45, 71, 80, 86, 100, 106, 107, 108, 110, 116 X 2, 118, 123, 131). Tugtar ainmeacha thoibreacha a bhfuil idir Bhéarla agus Ghaeilge orthu freisin i gcás *Lady Well*, Tobar Muire (44), *Columb Kille’s Well*, Tobar Choluim Cille (52). Ba é O’Conor a thaifead *Saint Patrick’s Well*, Tobar Patraic (132).¹² Níl a fhios againn an raibh Ó Donnabháin/ O’Conor ag aistriú na n-ainmneacha go Gaeilge ina gcás siúd, nó ar thagair an pobal do na toibreacha sin sa dá theanga.

Ní léir ar forcheartú de chuid Uí Dhonnabháin atá le sonrú i gceann de na leaganacha Gaeilge a thaifead sé do *Gernonstown*, féach:

Gernon’s town is called *Baile an Ghearlanaigh* (*Baile Ghearlan*) in Irish and *Garlanstown* in English by the people ...’ (104).

Is deacair a rá ón taifead thuasluaite, cé acu nós labhartha na ndaoine - ‘*Baile an Ghearlanaigh*’ nó ‘*Baile Ghearlan*’, atá idir lúibíní aige. Níl aon dabht ach gur *Garlanstown* a chuala sé sa Bhéarla. Is mar seo a léirítear rian roghnaithe Uí Dhonnabháin i gcás leagan Béarla an logainm *Killshine*:

The place which was called Teagh Sinche in Colgan’s time is now called by the Irish Cill-Sinighe, and anglicised Killshine and Kil-Shinnie. What should we make it? Perhaps Kilshinnie as Kilshine is too shining and too plain a corruption (71).

Is deacair a bheith go hiomlán muiníneach as taighdeoir a deir ‘What shall we make it?’ i gcás logainm Béarla, agus i bhfianaise a raibh le rá aige faoi leaganacha éagsúla Gaeilge agus Béarla de *Gernonstown* (fiú má bhí sé ag spraoi le focail i gcás *Killshine*). Ní mé cé chomh hiontaofa is atá cuid de na leaganacha Gaeilge atá cláraithe ag Ó Donnabháin agus ag a leathbhádóir an Dochtúir O’Conor. Go minic luann siad logainm i bhfoirm Ghaeilge sna hAinmleabhair ar an múnla

BAILE + SLOINNE (gin), nó

BAILE + ALT (gin) + SLOINNE (gin)

mar leagan Gaeilge de logainm Béarla éigin, ar a bhfuil an struchtúr coitianta

SLOINNE + s sealbhach + TOWN.

Ar ndóigh, tá go leor samplaí de logainmneacha le fáil i litríocht na Gaeilge, a bhfuil an múnla BAILE + SLOINNE (gin) orthu, nó BAILE + ALT (gin) + SLOINNE

¹² Níor thug O’Conor ach leagan Béarla amháin i gcás *St Kenan’s Well* (OSL:136).

(gin) orthu. Fós féin, tá ceisteanna le freagairt maidir le leaganacha Gaeilge na logainmneacha siúd a bhfuil BAILE iontu i nDamh Liag Íochtarach .i.

(i) Ar chuala Ó Donnabháin/ O’Conor éinne ag rá BAILE seachas TOWN?

(ii) Murar chuala, ar aistrigh Ó Donnabháin iad chun foirmeacha aischruthaithe a

chur ar fáil, ar an tuiscint go mb’fhéidir go mbíodh daoine ag rá ainmneacha na

n-áiteanna ar an gcaoi sin sular éiríodh as Gaeilge a labhairt i gContae na Mí?

Chun na ceisteanna sin a fhreagairt, ní mór an logainm a mheas i gcomhthéacs aois bhunaithe na logainmneacha a bhfuil TOWN iontu, chomh maith le nós labhartha an phobail san aois sin, dá mb’fhéidir. Bhíothas in ann aois bhunaithe na mbailte a bhfuil TOWN iontu a réiteach, féach Caibidil 3, **7.7.1, Tábla 1**. Ba thráchtas eile ar fad a bheadh ann taighde a dhéanamh ar nós labhartha na ndaoine sna haoiseanna éagsúla roimh an 19ú haois, agus níor thugas faoin gceist sin anseo.

Maidir le Damh Liag Íochtarach, is beag na tagairtí atá le fáil in OSL do logainmneacha na bparóistí a bhfuil TOWN sa Bhéarla iontu, féach mar a chláraíonn O’Conor:

Julianstown Parish is called Baile Iulian (131).

Painestown Parish is called Baile Faodhan (141).

Kilsharvan Parish is called Cill Searbhain (131).

Donore Parish is called Dún Úabhair (137).

Knockcommon Parish is called Cnoc Cuman (140).

Fennor Parish is called Fionnair (140).

Painestown Parish is called Baile Faodhan (141).

An gciallaíonn an faí chéasta gur chuala O’Conor leaganacha Gaeilge na bparóistí thuasluaite, nó ar aistrigh sé go Gaeilge iad mar a fhaightear in OSL iad? Is deacair a rá.

Conclúid

Baineadh leas as réimse fairsing foinsí don tráchtas seo, luathfhoinsí de chuid na nGael agus na nGall ina measc. Cheadaíos foinsí dúchasacha a scríobhadh i Laidin agus i nGaeilge. Cheadaíos foinsí oifigiúla na gcoilíní a scríobhadh i Laidin, i bhFraincis agus i mBéarla ón 12ú haois go dtí an 18ú haois. Seachas foinsí na Suirbhéireachta Ordanáis, níor cheadaíos foinsí eile na 19ú haoise, mar bhí an chuma ar na logainmneacha faoin am sin, go raibh a bhfoirmeacha nach mór socraithe. Anois is arís bhíos in ann logainm a rianadh siar trí fhoirmeacha stairiúla claochlaithe go dtí a bhunfhoirm Ghaeilge. Tá sásamh ar leith le baint as an obair sin.

Caibidil 1

1. Suíomh Dhamh Liag Íochtarach

Tá bunáite leathbharúntacht Dhamh Liag Íochtarach, Contae na Mí suite idir an Bhóinn agus an Ainí. Is ag Droichead Átha a chasann an Bhóinn le Muir Éireann agus is ag An Inse/ *Laytown* a chasann an Ainí léi. Síneann an leathbharúntacht siar chomh fada le barúntacht Scríne atá ar an teorainn thiar di. Leathnaíonn sí ó dheas d'abhainn mhalltriallach na Bóinne (atá mar theorann thuaidh idir í agus barúntacht Bhaile Shláine Uachtarach) chomh fada leis an Ainí, atá mar chuid den teorainn theas idir ise agus an leathbharúntacht, Damh Liag Uachtarach. Síneann cuid de Dhamh Liag Íochtarach siar ó dheas ón dá *Gafney*, dhá bhaile fearainn atá ar dhá bhruach na hAiní.

2. Gnéithe Aiceanta agus Cáilíochtaí tíreolaíocha Dhamh Liag Íochtarach

Ísealchríoch atá sa chuid is mó de Dhamh Liag Íochtarach (Atlas of I 1979:20), seachas cnocáin ísle, a bhfuil airde idir 50 méadar agus 121 méadar ar a n-uaspointí (OSi 43, 2010). Tá cnocáin bheaga i sé cinn de pharóistí na leathbharúntachta mar a leanas: *Redmountain* (121 méadar), *Mullaghfin* (86 méadar), *Knockisland* (70 méadar) agus *Platin* (50 méadar) i bparóiste Dhamh Liag, *Sheephouse* (83 méadar), *Rathmullan* (65 méadar), agus *Cruicerath* (59 méadar) i bparóiste Dhún Uabhair/ *Donore*, *Cullen* (96 méadar) i bparóiste *Knockcommon*, *Sicily* (82 méadar) i bparóiste *Danestown*, *Painestown* (115 méadar) i bparóiste *Painestown*, agus *Crufty* (58 méadar) i bparóiste *Killsharvan*.

Ó thaobh na geolaíochta de, d'eascair ithir na leathbharúntachta (podsalach liathdhonn) ó thill aolchloiche carbónmhaire (Atlas of I 1979:25, 25). Meastar go bhfuil an aolchloch ídithe go mór de bharr a reoite, an t-uisce thart uirthi a leá, agus a sceite.¹ Chomh maith leis an aolchloch, tá ithir ghlárach sna habhantracha a dhéanann talamh saibhir chun barra a chur ag fás, nó chun beithigh a chur ar féarach.

2.1. Fo-aibhneacha agus Srutháin

Tá foinsí fho-aibhneacha de chuid na Bóinne agus de chuid na hAiní le fáil sa leathbharúntacht, chomh maith le dhá abhainn bheaga a chasann le Muir Éireann ag

¹ 2000: <http://www.excavations.ie/Pages/Details.php?Year=&County=Meath&id=5048> (ceadaithe Meitheamh 2012).

Bettystown.²

2.2. An Bhóinn agus a leathaibhneacha

Sníonn fo-aibhneacha de chuid na Bóinne trí chúig bhaile fearainn an pharóiste *Knockcommon* .i. *Knockcommon*, *Gilltown*, *Rathdrinagh*, *Newtown*, agus *Rosnaree* a shníonn dhá fho-abhainn tríd. Cé gur fhiosraíos a n-ainmneacha, ní raibh ag muintir na háite ach ainm an *Newtown River*, fo-abhainn a shníonn trí bhaile fearainn *Newtown* ar a bealach go dtí an Bhóinn. Má bhí ainm ar na fo-aibhneacha eile uair amháin, tá na hainmneacha sin ligthe i ndearmad anois.

Is abhainn chasta cham í an *Lougher River* a bhfuil go leor fo-aibhneacha aici. Is fo-abhainn dá cuid an *Scrahan River*.³ Sníonn an *Scrahan River* ar feadh achair idir na bailte fearainn *Rathdrinagh* agus *Newtown*. Tá a foinse in *Senshallstown* (OSi 43, 2010). Faightear foinsí eile le fo-aibhneacha an *Lougher River* sna bailte fearainn *Thurstianstown*, *Newtown*, *Rathdrinagh*, *Knockcommon*, *Drumman*, *Corballis*, *Gilltown* agus i *Lougher féin*. Téann an *Lougher River* isteach sa Bhóinn ag *Roughgrange*. Níor frítheadh aon ainm ar fhormhór na bhfo-aibhneacha a shníonn trí na bailte fearainn thuasluaite.

Níos faide soir i *Staleen*, faightear foinsí dhá fho-abhainn ghearra a chasann leis an mBóinn, a bhfuil ceann díobh mar teorainn idir *Staleen* agus *Oldbridge*.

Níos faide soir arís, sníonn leathabhainn (atá teorainneach le *Lagavoureen* ó thuaidh, agus le *Platin* agus *Bryanstown* ó dheas) soir idir *Stameen* agus *Colp West* trí *Cholp West* agus ó thuaidh, go ndéanann sí teorainn le *Mornington*, áit a chasann sí leis an mBóinn. Sníonn leathabhainn bheag eile ón *Lady's Finger* i *Mornington* ó thuaidh chun na Bóinne. Thairfead Ó Donnabháin an logainm Dún Átha Gearraigh agus é ag fiosrú an logainm *Donacarney*, a thabharfadh le fios go mb'fhéidir gurb é *An Ghearrach a hainm siúd.

Níl aon ainm de na fo-aibhneacha thuasluaite marcáilte ar léarscáil ar bith a ceadaíodh don tráchtas seo - is ó mhuintir na háite a frítheadh na hainmneacha *Scrahan*, *Newtown River* agus *Lougher River*.

² Sníonn an tríú habhainn bheag, an *Legberry Stream*/*Lag Biorraigh (? > 'biorrach 'reeds' (FGB), aistrithe 'a marshy hollow' (Ward 1968:85) chomh fada le Muir Éireann freisin. Is i bparóiste *Ballygarth*, Damh Liag Uachtarach atá an abhainn seo, idir *Corballis* atá ar bhruach theas na hAiní le taobh Muir Éireann agus an baile fearainn *Briarleas*. Cé nach bhfuil sí i nDamh Liag Íochtarach, luaitear anseo í mar go bhfuil sé deacair teacht ar ainmneacha na n-aibhneacha beaga.

³ ?*Scrathan* > ?*Strathán* > ? *Sruthán* nó ?**Scrathachán* + haplology → **Scrathán*. 'Scrathachán' = 'a big lazy slow-moving person' (FGB).

2.3. Aibhneacha, fo-aibhneacha agus srutháin ar lean

Maidir leis na haibhneacha a chasann le Muir Éireann ag *Bettystown*, sníonn ceann díobh idir *Pilltown* agus *Colp East* soir, go dtí go gcasann fo-abhainn a thagann aduaidh as *Donnacarne* léi, sula dtéann sí i bhfarraige ar an taobh thuaidh de *Bettystown*. Tá sruthán eile ó dheas di a bhfuil a fhoinsé idir *Pilltown* agus *Ballymad* (agus í mar chuid den teorainn eatarthu). Tugtar ‘The Kinnell’ (Mullen, Tallon 2013:208) airsean agus sníonn sé soir trí *Sevitsland*, áit a gcasann fo-abhainn a thagann aneas as *Ministown* leis sula dtéann sé isteach i Muir Éireann ar an taobh ó dheas de *Bettystown*. Tá faid de na haibhneacha beaga seo curtha i lintéir anois.

2.4. Fo-aibhneacha agus Srutháin: An Ainí

Bíonn fo-aibhneacha de chuid na hAiní ag caismirneacht trí bhunáite na bparóistí atá taobh thiar agus ó dheas den dá *Gafney*. Faightear foinsí dhá shruthán i nDromainn. Tagann siad le chéile in aon fho-abhainn amháin sula sníonn siad soir, lastuaidh de bhaile Dhamh Liag agus ó dheas ar an taobh thoir den bhaile. Sreabhann an fho-abhainn sin ar aghaidh go dtí go gcasann sí ó dheas ar a bealach chun na hAiní. Sníonn an *Parramaddan* soir ó thuaidh sula gcasann sé ó dheas tríd an mbaile fearainn Dhamh Liag. Sreabhann *The Millrace River* trí *Commons*, atreoitear isteach sa *Parramaddan* í agus cuirtear i lintéir faoin mbóthar í sula ndoirteann sí isteach san Ainí (Conlan *et al* c. 2000:258, O’Boyle 1989:79). Is idir *Calliaghstown* agus *Shallon* i bparóiste *Kilsharvan* (2 mhíle soir ó *Beaumont Bridge*) atá an *Bradagh*, fo-abhainn eile de chuid na hAiní (O’Boyle 1989:80). Is cosúil gur de dhéantús an duine *The Black Trench*, a thosaigh mar shilteán nó mar dhíog. Tuairiscíonn Samson:

In the retreat from the Boyne on the East (or off) Commons of Duleek, the Jacobites resisted and dug themselves into a kind of slough which to this day is called ‘the Black Trench’. Furthermore in this ‘Black Trench’ there was a local account of a find 80 or 100 years ago of period military equipment and human remains, possibly a soldier’s (1960:58).

Sreabhann an t-uisce atá in *The Black Trench* as *Carranstown* trí *Commons* aduaidh, agus ar aghaidh ó dheas go dtí an Ainí.

Déanann dhá shruthán a mbealach soir agus ó dheas chun na hAiní, trí *Sneeoge* agus trí *Reask* - ach níl ainm ar leith ar na srutháin sin anois, nó má bhí san am atá thart, is baolach nach bhfuil cuimhne ag daoine ar na hainmneacha.

Feidhmíonn fo-abhainn bheag eile a shreabhann ó thuaidh chun na hAiní mar theorainn idir *Blackditch* agus *Knockisland*. Sníonn An Camán/ *Hurley river* ó thuaidh trí *Deenes* sula ndoирteann sí isteach san Ainí (*ibid*:91).

Sreabhann fo-abhainn gan ainm aduaidh chun na hAiní idir *Caulstown* agus *Gafney*. Tá foinsí dhá fho-abhainn in *Bey Beg* a shníonn tríd an mbaile fearainn sin sula dtagann siad le chéile le sreabhadh soir ó dheas trí *Kiltrough*, trí *Glebe* agus *Julianstown West* sula gcasann siad leis an Ainí in *Julianstown East*.

Níl marcáilte ar léarscáileanna a ceadaíodh don tráchtas seo, ach an Bhóinn, an Ainí, an *Parramaddan* agus an *Hurley River*.⁴

2.5. Réileáin láibe ó thuaidh, fuarlaigh ó dheas.

Bhíodh an Bhóinn ní ba leithne agus bhíodh an t-uisce inti ní ba thanaí roimh an 19ú haois.⁵ Tá réileáin láibe ar bhéal na Bóinne, a bhíodh ní ba fhairsinge agus a shíneadh siar ó bhruach na Bóinne go dtí gur tugadh chun míntíreachais iad sa 19ú haois.⁶ Leathnaíodh baile Dhroichead Átha ó dheas den Bhóinn isteach i *Lagavoureen* agus tá foirgnimh tógtha ar na háiteanna ar a mbíodh réileáin tráth den tsaol, a bhíodh fliuch, tais agus lán le puiteach. Tógadh iad ar láthair a mbíodh srúill na Bóinne ag gluaiseacht tríthi le linn na gcéadta roimh an 19ú haois. Ar an taobh theas den leathbharúntacht bíonn fuarlaigh ann ó am go chéile nuair a bhriseann an Ainí a bruacha, in ainneoin go ndearnadh oibreacha éagsúla chun an fhadhb sin a réiteach, nuair a bhí an talamh á dhraenáil sa 19ú haois agus sa 20ú haois (Downey [gan dáta] c.2000:10-13).⁷ Is féidir seanchúrsa na hAiní a fheiceáil uaireanta nuair a bhíonn báisteach throm caite aige, mar go bhfanann an t-uisce ar an talamh íseal (O'Boyle 1981:92).

3.Lonnaíocht i nDamh Liag Íochtarach - An Réamhstair

Sa cheantar saibhir seo, tá fianaise fíorársa ar lonnaíocht le fáil go fairsing sna hiarsmaí seandálaíocha atá breactha ar thírdhreach na leathbharúntachta, cuid acu atá fós le feiceáil agus cuid eile díobh atá bainte, ach a bhfuil tuairisc le fáil orthu i gcónaí. Frítheadh fianaise foirgneamh ón aois Neoiliteach [8,000 – 5,000 RC] i *Sheephouse*, i *bPlatin*, i *Rathmullan*, i *nGilltown*, in *Oldbridge*, (féach thíos), in *Kilsharvan* agus i

⁴ cf. OSi 43, 2010. Níl an *Parramaddan* marcáilte uirthi seo; is ar bhileog eolais a bhfuil léaráid de bhaile Dhamh Liag tarraingthe uirthi a frítheadh an t-ainm *Parramaddan* (*Meath Tourism*). Tá an t-ainm *Parramaddan* ag muintir bhaile Dhamh Liag freisin.

⁵<http://www.environ.ie/en/Foreshore/ApplicationsandDeterminations/TaleburyHoldings/ApplicationDetails/FileDownload,32494,en.pdf>:13. pdf:17 (ceadaithe Eanáir 2014).

⁶ *ibid.*

⁷ Féach freisin Conlan *et al* c 2000:10-13.

Lagavoureen agus baineadh leas as *Platin Fort* go dtí lár na Cré-umhaoise, ionad nach bhfuil dea-ainmnithe, mar níor frítheadh fianaise a thacódh leis an tuairim gur *dún* (*promontory fort*) a bhíodh i b*Platin Fort* aon uair.⁸ Frítheadh reilig ina raibh naoi gcinn d'adhlaicthe, duine a créamadh agus adhlacadh ciste (*cist burial*) ón gCré-umhaois luath [c1,500 RC] in *Bettystown* chomh maith le hadhlaicthe eile ón 6ú haois.⁹ Frítheadh cloch Oghaim agus scríbhneoireacht Oghaim uirthi ón 6ú haois i b*Pilltown* (Waters 1969:56-7).¹⁰

Is áit lonnaíochta iontach ársa é *Rathmullan*. Nuair a tochlaíodh sa bhliain 2003 í, ní hamháin gur frítheadh fianaise foirgneamh ón aois Neoiliteach (8000 RC – 5000 RC), agus suímh lonnaíochta neamh-iata (*unenclosed settlement sites*) le foirgnimh ubhchruthacha-chiorclacha (*oval circular*) nó rabhnáilte ón aois sin ann, ach bhí suímh iata i *Rathmullan* freisin, chomh maith le sconsa pailise (*pallisade*) a rianaigh struchtúr polagánach 27 méadar X 22 méadar a gceapann seandálaithe gur tógadh sa Chré-umhaois luath iad.¹¹ Tochlaíodh díog fáinneach i *Staleen*.¹² Tá rian ráthanna (*ringforts*) le feiceáil sna bailte fearainn *Gilltown*, *Oldbridge*, agus *Sheephouse* nár tochlaíodh go fóill (Stout 2002:78).

Ní fios cén t-ainm a thug na ciníocha ársa úd a mhair sa réamhstair ar an áit a bhfuil *Rathmullan* anois, ach bhí an logainm *Rathmullan* aitheanta i gcáipéisí stairiúla níos luaithe i nDamh Liag Íochtarach ná mar a bhí an chuid eile de logainmneacha na leathbharúntachta a bhfuil an eilimint RÁTH iontu. Tagrófar arís do RÁTH agus d'eilimintí lonnaíochta eile atá fréamhaithe i sibhialtacht na Réamhstaire i gCaibidil 3, 2.2.

Is fiú a lua anseo freisin go bhfuil go leor uaimheanna talún (*souterrains*) le fáil i nDamh Liag Íochtarach. Tá siad le fáil in *Little Boolies*, in *Commons*, in *Fennor*, in

⁸ <http://www.excavations.ie/Pages/Details.php?Year=&County=Meath&id=5048> (ceadaithe Eanáir 2014).

⁹ www.excavations.ie/Pages/Details.php?Year=&County=Meath&id=1431 (ceadaithe Eanáir 2014).

¹⁰ Is i ngarraí gar do *Senchalstown House* c 1945 a frítheadh an chloch seo. Scríosadh *Seneshalstown House* ó shin. Is í an inscríbhinn atá ar an gcloch ná: MAQI-CAIRTINI AVI INEQAGLAS ‘= Mac-Cárthinn Uí Enechglas’ = ?Mac-Cárthinn mac Cóelbath.

http://ogham.celt.dias.ie/stone.php?lang=en&site=National_Museum&stone=40_Painestown&stoneinfo=description (ceadaithe Eanáir 2014).

¹¹ www.nra.ie/Archaeology/BrochureandPosterSeries/file,9106,en.pdf (2003, ceadaithe Eanáir 2014). Tuigtear gurb í tréimhse na Cré-umha aoise luaithe ná 3,500 RC - 1,500 RC. Litrítear *Rathmullan* ‘Rathmullen’ sa bhróisiúr seo.

¹² http://www.heritagecouncil.ie/fileadmin/user_upload/Publications/Archaeology/bru_na_boinne/Bru_na_Boinne_Full.pdf :24 (ceadaithe Eanáir 2014).

Flemingtown, i *Mullaghfin*, in *Oldbridge*, in *Painestown*, i *Rossnaree* (AICM 1987:50 - 5, §§405, 412, 423, 424, 426, 440, 443-4, 445, 452) agus in *Clonlusk* (Stout 2002:81).¹³

3.1 An Chríostaíocht

Is eiseamláir de shuíomh Luath-Chríostaíochta é baile Dhamh Liag (Swan 1973:12-20). Tá iarsmaí Luath-Chríostaíochta le fáil ón 5ú haois idir bhallaí theach pobail Phádraig, atá faoi bhunchloch theach pobail Chiaráin agus iarsmaí Mhainistir Chiaráin atá faoi *St Mary's Church* (French 2009:7),¹⁴ féach léarscáil an bhaile (*ibid*:9). Tá cros ard ón 10ú haois ina seasamh i gColpa Thoir (AICM 1987: 148, §1526). Tá blúire de chrois ón 15ú haois le feiceáil in *Shallon* (*ibid*:150, §1553). Is leis an 16ú haois a bhaineann an chros ard atá i m*Balrath* agus is leis an 17ú haois a bhaineann an dá chros ard atá le fáil in *Commons*, chomh maith leis na crosa arda atá in *Gaulstown* agus in *Julianstown* (*ibid*:148, §§1531-1532). Frítheadh píosa de chros i reilig *Fennor* a gceaptar gur snoíodh sa dara leath den 9ú haois í (Harbison 1990 - 91:138).

3.2 Sheephouse

Ní logainm Gaelach é *Sheephouse*. Tugtar *Upper Sheephouse* agus *Lower Sheephouse* ar dhá cheantar in *Llanigon*, *Brecknockshire/ Breconshire* sa Bhreatain Bheag go comhaimseartha agus tá taifead ar fáil ar roinnt *sheephouse* a bhí in *Aberdeenshire* agus in *Midlothian* in Albain sa 19ú haois (Callander 2002: 3-13, 20). Is é an baile fearainn *Sheephouse* i bparóiste Dhún Uabhair an t-aon áit ar a dtugtar *Sheephouse* in Éirinn, go bhfios dom. Is léir gur thug na Sasanaigh an logainm go hÉirinn agus go dtí an Bhreatain Bheag. Is mar ainmfhocal agus ní mar logainm a baineadh leas as *sheephouse* i Sasana agus in Albain. Mar sin, is go hindíreach a chaithfear eolas a fháil ar an bhfeidhm a bhí leis, agus déanfar sin anois.

De réir tuairisc seandálaithe a rinne staidéar ar an *sheephouse* a bhain le *Bolton Priory, Prior Rakes* i Yorkshire Shasana, tá eolas le fáil ar chóras dea-eagraithe bhainistíocht caorach a chleachtaí ón mbliain 1290 i leith go dtí díscáileadh na mainistreach sin. Cuirtear síos ar an gcaoi a mbídís ag aoireacht caorach, idir chompal na gcaorach, loca na gcaorach agus theach an aoirigh. Tá cuntais tugtha i gcáipéisí *Prior*

¹³ Féach freisin / http://www.newgrange.com/pdf/bru_na_boinne_dec08.pdf2008:22 (ceadaithe Eanáir 2014). Aolchloch atá faoi chlár talún na leathbharúntachta, féach CMWCHS 2010:23.

¹⁴ Níltear cinnte cén áit go baileach a raibh suíomh an chéad *damh liac* ach síltear go bhfuil sé níos dóchúla gur ar shuíomh Eaglais na hÉireann/ an reilig a sheas sé, ná ar an suíomh atá marcáilte ‘*St Cianán's church*’ ar léirscaileanna na SO. Is cosúil go mba chóir ‘*St Patrick's church*’ a bheith marcáilte san áit a bhfuil ‘*St Cianán's church*’ marcáilte orthusan (French 2009:7). Le haghaidh achoimre ar stair eaglasta na Luath-Chríostaíochta i nDhamh Liag go teacht na n-Agaistíneach (chomh maith le hionsaithe na Lochlannach) féach French 2009: 6 – 13.

Rakes ar adhmad a cuireadh chuig an *sheephouse* lena dheisiú agus ar bhia a tugadh don aoire. 48 troigh fo 18 troigh ba ea tomhais *sheephouse Bholton Priory* taobh istigh, bhí dhá chlós tógtha ina aice (ceann acu 20 troigh ar leathad), chomh maith le teach beag a raibh teallach sa choirnéal istigh ann, agus ‘a large enclosed area of several acres’ lastuaidh de shuíomh an *sheephouse*. Tugtar eolas ar na cúrsaí a bhain leis na táirgí caorach a soláthraíodh sa *sheephouse* sin, idir olann, bhainne caorach agus cháiseanna caorach (Raistrick, Holmes 1956:86, 92-95). Tharlódh gur tháinig an córas sin go hÉirinn le linn réimeas Anraí VIII os cionn trí chéad bliain ina dhiaidh sin, nuair a tugadh *Sheephouse* mar logainm ar bhaile fearainn i bparóiste *Donore*.

4. Tionchar na Staire ar Logainmneacha

Dhamh Liag Íochtarach

Tabharfar blaiseadh beag thíos den chúlra staire ina bhfaightear taifead ar logainmneacha Dhamh Liag Íochtarach den chéad uair, chomh maith le dornán logainmneacha a bhfuil taifead orthu, nó ar eiliminti díobh, sa seanchas.

4.1 An Seanchas

Luafar na scéalta atá scríofa sna hAnnála agus sa naomhsheanchas faoi na logainmneacha *Knockisland* [44], *Lougher* [46], *Rahill* [51], agus *Fennor* [57] i gCaibidil 2.

4.2 An Chríostaíocht

Bhí fréamhacha curtha ag an gCríostaíocht in Éirinn faoin 5ú haois. D’fhás agus bhláthaigh sí faoi chóras na mainistreacha sna céadta a lean.¹⁵ Mar a deir Bartlett:

The monasteries were the power-houses of Irish culture from the early seventh century on. While the rest of Europe was being torn apart in the fall-out from the collapse of the Roman empire, Ireland remained a beacon of light in what have traditionally been described as the Dark Ages. The reputation of the Irish monks for piety, manuscript production and Latin scholarship was unsurpassed ... The monks loved Irish, boasting that the language was made up of the best bits from all the other languages after the fall of the Tower of Babel,¹⁶ and regarding it as a language that, in tandem with

¹⁵ Beidh tagairtí sa tráchtas d’Fhéilíri na Naomh agus do na hAnnála ó am go chéile. (Luadh na foinsí sin sa Réamhrá).

¹⁶ cf. ‘a mba ferr íarum do cach bérlu & a mba leithiu & a mba cáimu, is ed do-repedh isin nGóidilc’ aistrithe ‘what was best of every language and what was widest and finest, was cut out into Irish’ (ag Russell 2005:405).

Latin, was well suited to spiritual, literary and intellectual pursuits. Unlike other societies where Latin displaced the vernacular, in early Ireland Latin proved the salvation of Irish (2010:18).

Ní gá stair na Luath-Chríostaíochta a rianadh anseo, ach tá a tionchar le brath ar thacar beag logainmneacha na leathbharúntachta; is cosúil go bhfuil ainm naoimh mar cháilitheoir ar *Kilkeran* [5. B], *Donacarney* [7], *Stagreenan* [14], *Stameen* [15] agus *Staleen* [24] agus tá seanchas saibhir le fáil faoi chuid de na naoimh sin. Feicfear gur foirgnimh nó suíomh eaglasta atá mar bhunús na logainmneacha *Duleek* [37] agus *Beybeg* [5]; feicfear go raibh mainistir ban i g*Calliaghstown* [74]. Sonraítear fealsúnacht na Críostaíochta meánaoisigh mar chúlra an logainm *Kiltrough* [8].

4.3 Na Lochlannaigh

Gaiscígh fhíochmhara agus mairnéalaigh chumasacha a bhí sna Lochlannaigh a tháinig thar sáile aduaidh as an Iorua, agus anoir aduaidh as an Dainmhairg. Bhris an chéad dream díobh isteach ar shibhialtacht shaibhir na Críostaíochta sa bhliain 795 nuair a scriosadar Rechru [= Reachlainn]/ *Rathlin Island*. Choinnigh dreamanna eile Lochlannach leis an gcreachadh in Éirinn, i Sasana agus in Albain le linn na 9ú haoise (Bartlett 2010:27). Is ag na Lochlannaigh a bhí na chéad longfoirt a ainmníodh ó LONG + PORT. Bhunaíodar longfoirt sna farraigí thimpeall ar bhailte Bhaile Átha Cliath, Chorcaí agus Áth na gCasán, agus leanadar le bunú longfort sna farraigí ar chóstaí Phort Láirge, ar chóstaí Loch Garman agus ar chóstaí Luimnigh ina dhiaidh sin. Thugaidís ruathair isteach faoin tír as na longfoirt seo (*ibid*). Leathnaigh ciall an téarma ‘longphort/ longfort’ sa Ghaeilge mar a phléifear i gCaibidil 2, *Longford* [45].

Is cosúil gur tháinig na Lochlannaigh ina maidhmeanna - go socródh dream díobh síos agus go mbeadh spás ama ann sula dtiocfadh an chéad dream eile isteach; de réir mar a shocraíodar síos, d’iontaíodar ina gCríostaithe, d’fhorbraíodar an trádáil, agus ghlacadar páirt sa pholaitíocht áitiúil (Bartlett 2010:28). Chomh maith leis na gléasanna troda a bhíodh acu, a bhfuil samplaí díobh le feiceáil san Iarsmalann Náisiúnta mar aon le déantúsáin eile,¹⁷ tá fianaise sheandálaíoch le fáil ar an gcineál bád a bhíodh acu (National Museum of Ireland (1973:5-21), agus ar an gcineál tí a thógaidís

¹⁷ Luaitear tuirní, éadach fite agus fuaite, snáth, snáthaidí, cásanna caomhnacha do na snáthaidí, bróga agus buataisí leathair, cóta leathair, bioráin déanta as cnámh agus as cré-umha agus iad clúdaithe le hór, le hairgead nó le stán, mónógaí ómra agus gloine, siogarlaí ómra, bráisléid chré-umha agus ligníte, fáinní cré-umhaí/ airgid/ órga, cíora gruaige, beilteanna agus búcláí, soithí agus seanra, glais agus eochracha, cluichí boird - ficheall san áireamh, uirlisí ceardaithe, boinn phéatair, agus báid sa chatalóg thuasluaite, chomh maith le fianaise a frítheadh ar an mbia a itheadh (*op cit*:8 - 19).

(thart ar Ché an Adhmaid i mBaile Átha Cliath, mar shampla) (Wallace 1992:7-23). Tá fianaise ann ón 11ú haois gur phósadar Gaeil (Bartlett 2010:31), ach caithfidh sé go mbídís ag pósadh níos luaithe ná sin, de réir mar a lonnaíodar. Lean tionchar na Lochlannach ar chúrsaí polaitiúla na tíre ó dheireadh na hochtú haoise go dtí gur chloígh Brian Ború agus a lucht leanúna ag Cath Chluain Tairbh iad sa bhliain 1014. Tagrófar do na ruathair a rinne na Lochlannaigh ar Dhamh Liag i gCaibidil 2 [37], chomh maith leis an tionchar a bhí acu ar ainmniú *Fingallstown/ Gaulstown* [41].

4.4 Teacht na Normannach

Is córas feodach a bhí i bhfeidhm sa 12ú haois - roinneadh an rí an talamh amach ar thiarnaí a dhéanadh feoid de dá vasáilligh agus gheallaidís siúd ridirí agus seirbhísí don tiarna agus don rí de réir mar a theastóidís. Tar éis do Dhiarmaid Mac Murchadh ómós a dhéanamh d'Anraí II agus dílseacht a gheallúint dó in *Aquitaine*, d'éirigh leis fabhar an rí a fháil agus thug an rí litir phaiteanta dó mar chruthúnas ar an bhfabhar sin (Expugnatio:27). Ansin fuair Diarmaid tacaíocht ó Risteard de Clare (*Strongbow*) a cheap go mbeadh deis le tapú aige in Éirinn. Ní raibh gaol rómhaith ag *Strongbow* le hAnraí II; chaill *Strongbow* tailte a bhíodh i seilbh mhuintir de Clare in *Pembroke* na Breataine Bige, in *Orbec* agus in *Bienfaite* na Normainne, chomh maith le tailte i n*Giffard*, de bharr chúrsaí polaitíochta idir é féin agus Anraí, cé gur fágadh *Strigoil* (agus áiteanna eile) i Sasana ag *Strongbow*, chomh maith le tailte áirithe eile sa Normainn (Flanagan 1989:57, 112-116). Mar sin féin, nuair a d'iarr Mac Murchadh ar *Strongbow* agus ar a lucht leanúna tacaíocht a thabhairt dó sa 12ú haois, fuair *Strongbow* cead ó Anraí II dul go Cúige Laighean (*ibid*:117). Ansin, sa bhliain 1172, thug an rí cuairt ar Laighnibh chun ómós agus dílseacht ríthe agus taoisigh Éireannacha a éileamh (*ibid*:168). Bhí concas na Mí le tosú i gceart nuair a bhronn Anraí Contae na Mí ar Hugo de Lacy. Tógadh caisleáin - *mottes* agus bábhúin mar chuid den choncas, chun tacaíocht mhíleata a thabhairt do na Normannaigh; tógadh príomhchaisleán de Lacy, an *caput*, i mBéal Átha Troim (Mulally 2002:135, 3220-227, 3336-339); sheas caisleán Dhamh Liag taobh amuigh de chlós na mainistreach, agus nuair a bhí na Normannaigh lonnaithe i gceart, dhírigh Hugo de Lacy ar an taobh reiligiúnda den choncas (Gwynn, Hadcock 1970:5).¹⁸ Bhí Hugo de Lacy le haghaidh dhá theach

¹⁸ 'De Lacy founded a number of monasteries between 1180 and 1186 – Clonard, new Augustinian Priory, where there was already an Aroasian foundation and a priory of Benedictine monks dependent on *Evreux* near the early abbey at Fore, also rebuilt and refounded Aroasian abbeys Trim and Kells, both of these having been destroyed in military campaigns' (*op cit*).

Agaistíneacha a bhunú i nDamh Liag Íochtarach chun páirt lárnach a thabhairt do na bráithre (nó na canónaigh, mar a thugtaí orthu) mar chuid de choncas na Mí. Bhí ceangal ag muintir de Lacy le mainistir Agaistíneach i *Monmouthshire* na Breataine Bige, ar ar tugadh *Llanthony Prima*, agus bhí an dara ceall *Llanthony Secunda* i n*Gloucester* Shasana (ICL:v). Thug Hugo de Lacy canónaigh Normannacha anall le lonnú in Éirinn agus bhunaigh sé dhá theach - *sanctus Colomba de Colp* agus *sanctus Michaelus de Duueluke* i gColptha agus i nDamh Liag faoi seach (ICL *passim*). Bhí an dá theach le feidhmiú mar dhá phríóireacht (nó mar dhá cheall) de chuid *Llanthony Prima* agus *Llanthony Secunda* - bhí *sancte Colomba de Colp* le bheith ina phríóireacht de chuid *Llanthony Prima*, agus bhí *sanctus Michaelus de Duueluke* a tógadh taobh amuigh de bhaile Dhamh Liag le freastal ar *Llanthony Secunda*. Pléann Arlene Hogan (2008) gníomhaíochtaí na gcanónach Agaistíneacha i gContae na Mí (agus i gcontaetha eile na Galltacha) agus an nasc a bhí acu le *Llanthony* ó thréimhse na Normannach go dtí an 16ú haois, idir thalamh, phatrúnacht agus pholaitíocht in *The priory of Llanthony Prima and Secunda in Ireland, 1172-1541: lands, patronage and politics* agus í ag déanamh anailíse go príomha ar cháipéisí *Llanthony* agus ar *La geste des Engleis en Yrlande* (Mulally 2002). Taispeánann sí go paiteanta go raibh coibhneas beacht idir na daoine siúd ar bhronn de Lacy tailte orthu i gContae na Mí agus ar na fearainn, na deachúna agus na beathúnais a bronnadh ar *Llanthony Prima* agus ar *Llanthony Secunda*. Is mar seo a léiríonn sí an nasc idir na Normannaigh agus canónaigh *Llanthony*:

No less than fifteen family members and knights of Hugh de Lacy I, who are found in the cartularies of Llanthony Prima and Secunda granting tithes and benefices to the Llanthony canons, are also listed as receiving their land from Hugh de Lacy in *The Song of Dermot and the Earl*¹⁹ (2008:51).

Ba ghearr go raibh cuid mhór den cheantar ina gráinseach ag *Llanthony Prima* agus ag *Llanthony Secunda* mar is léir ó chairteanna ICL (*passim*). Le súil siar ar an stair, is féidir a rá go raibh sé i gceist ag de Lacy an ghráinseach mhór seo a dhéanamh i gContae na Mí ar mhaithe le canónaigh *Llanthony* a bhí lonnaithe thall sa Bhreatain Bheag agus i Sasana agus feicfear fianaise ar 29 logainmn na leathbharúntachta a tógadh as ICL i dTáblaí na fianaise i gCaibidil 2 den tráchtas, (agus tá liosta díobh le fáil i gCaibidil 3, **5.3** freisin.)

¹⁹ = *La geste des Engleis en Yrlande* (Mulally 2002).

Tháinig Pléimeannaigh go hÉirinn in éineacht leis na Normannaigh sa 12ú haois - insítear dúinn in *La Geste des Engleis en Yrlande* gur bhronn Hugo de Lacy talamh ar *Richard le Flemmeng* (Mulally 2002 :134, 3172-3175). Is cosúil gur ardaigh na farraigí thart ar chósta Fhlóndras san 11ú haois, agus gur thaistil líon mór Pléimeannach anoir go himeallchríocha na hAlban dá bharr (Woulfe:659-60). Ansin bhronn Anraí I talamh orthu sa Bhreatain Bheag agus d'athraíodar siar go cósta theas na Breataine Bige. Ar ndóigh, bhí Anraí I tar éis na Breatnaigh dhúchasacha a dhíbirt as an áit (*ibid*). Feicfear fianaise gur ainmníodh *Flemingstown* [68] i ndiaidh na bPléimeannach sa 15ú haois, ceithre chéad bliain tar éis dóibh an Fhlóndras a fhágáil.

4.5 Gascoigne Angevine sa 13ú haois, Gallóglaiigh Bruce sa 14ú haois, Bailte a ainmníodh le linn réimeas Éadbhard III agus Risteard II sa 14ú haois

Cé nár frítheadh fianaise ar an logainm *Gaskinstown* [40] go dtí an 16ú haois, caithfear tagairt a dhéanamh d'Anraí III (†1272) agus do ghníomhartha a mhic, Éadbhard I (†1307) agus cúlra staire an logainmn sin á fhiosrú. Is é an teideal a thug Anraí III air féin ná

Henricus [III] ... rex Anglie dominus Hibernie Dux
Normannie Aquitannie et comes Andegavie (CGR:179 f. 6)

agus ba chuid d'*Anjou* é an *Gascoigne*. Bhronn Anraí III *Gascoign* (*sic*) ar Éadbhard I sa bhliain 1252 agus é ag pósadh in aois a 15 bhliain.²⁰ Is mar seo a leanas a chuirtear síos ar an mbronntanas sin:

one of the few remnants of ... the English Angevin kings.
Gascony was part of a package which included parts of

²⁰ Is sa bhliain 1272 a thosaigh réimeas Éadbhard I go hoifigiúil, ach thóg sé tiarnas Éireann air féin thart ar 1254 (Lydon 1987 A:180). Ní raibh suim aige sa tír ach le haghaidh leas a bhaint aisti ar mhaithe *Gascoigne* agus ar mhaithe na Breataine Bige. Fuair sé cruithneacht as Éirinn dá chuid fórsaí míleata a bhí i n*Gascoigne* sa bhliain 1255, ach ní raibh sé ag iarraidh fóc as an gcruithneacht ar an bpointe; '[his] instructions were that payment for the wheat was to be postponed as long as possible, as all available cash was to be sent on to him' (CDI 1282-84, in Lydon *ibid*:181). Dhá bhliain ina dhiaidh sin [1257] 'two troops of Irish foot-soldiers fought in Wales ... In addition, some crossbowmen, smiths, carpenters and the surprisingly high number of eighty ditchers ... joined Edward. Brattices, which had been constructed in Dublin, Drogheda and Dungarvan were shipped in a prefabricated state. Timber, lime and a large supply of cloth (for the troops at Cardigan) were sent over. Cargoes of wheat, oats, salted meat, a great quantity of fish, and much wine were despatched from Dublin and other ports. Finally more than £2,000 of Irish treasure was brought to Chester, which was the place of muster for the troops (*ibid*:182).

Tharla sé gur tugadh daoine anall as Éirinn chun caisleáin na Breataine Bige a thógáil sna 1280í: 'Where the Irish contribution was of most importance was in the building of the great Welsh castles which Edward I used to encircle the mountains and to keep the Welsh in check. The huge cost had been estimated at £80,000, and of this nearly £30,000 came from Ireland ...' (*ibid*:196).

Ireland, the Channel Islands and the King's lands in Wales
to provide an income for Edward²¹

Chaith Éadbhard I bliain sa *Gascoigne* ag foghlaim riarachán an reachta sin díreach i ndiaidh a phósta, ach faoi 1297 bhí cogaí ar bun aige sa Fhrainc, sa *Gascoigne féin*,²² i bhFlóndras, sa Bhreatain Bheag agus in Albain. Mar a rinne a athair Anraí III roimhe, bhain Éadbhard I leas as Éirinn chun a chuid cogaí a mhaoiniú:

From an early date it was clear that the strategic vision of the English Kings for the Irish lordship extended no further than what they could extract from it for their military adventures elsewhere ... Edward and his agents bled the lordship white, extracting some £40,000 between 1278 and 1306 (Bartlett 2010:49 - 50).

Cuireadh cruithneacht ag fás i gContae na Mí le haghaidh arm Éadbhaird a chothú; easpórtáladh as cuan Dhroichead Átha í agus cuireadh fíon as *Gascoigne* go cuan *Bordeaux* na Fraince le tabhairt go Droichead Átha ar bord loinge (CGR:iv). Is cosúil go raibh tráchtáil ar bun idir an dá thír níos deireanaí, mar faightear tagairtí do phraghas *vine de Gascoyn* agus do *Gascoigne* i gcáipéisí a scríobhadh sa 15ú haois (SRPI Ed IV i:658, 748).²³

4.6 Gallóglaigh agus Bruce

Ba iad muintir Uí Dhomhnaill in Ultaibh a thug Gallóglaigh anall as Albain den chéad uair, ag deireadh na 13ú haoise (Bartlett 2010:54).²⁴ D'iarr Domhnall mac Briain Ó Néill agus a chomhghuaillithe Ultacha ar Éadbhard Bruce teacht go hÉirinn ag tús na 14ú haoise, chun cúnamh a thabhairt dó an ruaig a chur ar na hAngla-Normannaigh a bhí ag déanamh ionruathair de shíor ar a chríocha (Lydon 1995 B:283-84). Tháinig

²¹ <https://www.royal.gov.uk/HistoryoftheMonarchy/KingsandQueensofEngland/ThePlantagenets/EdwardI/Longshanks.aspx> (ceadaithe Bealtaine 2014).

²² By ... 1294 ... Edward had involved himself in war with France and was preparing to invade Gascony ... The Dublin purveyors seized corn all over Dublin, Kildare, Carlow, Tipperary, Kilkenny, Waterford, Cork and Limerick. Altogether nearly 15,000 quarters of wheat and over 4,000 of oats went to Gascony' (Lydon 1987 A:196 - 97).

²³ Féach freisin: 'After Edward I in 1275 had granted a charter of privileges to Gascon merchants, Gascon wines predominated, coming from Bordeaux and Bayonne, carried mainly in Gascon ships. Not all of it was consumed in Ireland; large quantities were re-exported, with other supplies, to royal armies and castles in Wales and Scotland' (Down 1987:489).

²⁴ Féach freisin: 'There was continuous traffic between Ulster and Scotland, and ever since the first galloglass had been imported in the thirteenth century there had been a continuous Scottish military presence in Ireland' (Lydon 1995 C:283).

Bruce i dtír ag Latharna sa bhliain 1315²⁵ agus arm de 6,000 Gallóglaigh in éineacht leis; chuir sé fios ar a thuilleadh saighdiúirí an chéad bhliain eile (Hull 1926:217). Ghabhadar Dún Dealgan agus leanadar orthu go Sliabh Breagh, go Lú, go dtí An Obair agus go Ceanannas (*ibid*). Níos deireanaí tháingadar aduaidh óna gceanncheathrú i gCarraig Fhearghais trí bhaile Átha Sláine, An Scrín agus Ráth Tó (Lydon 1995 C:281). Ní thuairiscítear imeachtaí an chogaidh anseo, ach díreofar aird ar thagairtí atá le fáil sna hAnnála do Ghallóglaigh a bhí in Éirinn sa 14ú haois. Bhí *Galloclach* in éineacht le *Ruaidri meic Cathail Ruaid h. Conchobair* (1315 Ann Conn:232 §6, §7), le *hingine Magnusa h. Conchobair* (1315 *ibid*:240 §20) agus bhí céad díobh in éineacht le *Donnchad Mac Ruaidri* (1316 *ibid*:244 §3). Tháinig deartháir *Roiberd a Briuis .i. Ri Alpan* an chéad bhliain eile

... maille [re] moran do galloclaechaib a furtacht a brathar .i.
Edubard a Briuis 7 do dichur Gall a hÉirinn (*ibid* 1317:248 §3).

Tá trácht ar theacht na nGallóglaigh sa chéad bhliain eile arís (*ibid* 1317:250 §8)²⁶ agus luaitear an tAlbanach *Uilliam Burc* sna blianta 1316 agus 1318 (1316 *ibid*:244 §5, 1318 *ibid*:252 §4).²⁷ Is cosúil gur mháirseáil 20,000 fear ó dheas le *Burc* sa bhliain 1316 (Hull 1926:218). Is léir mar sin gur tháinig go leor Albanach go hÉirinn, go mór mór ón mbliain 1315 i leith agus iad ina saighdiúirí gairmiúla a bhí fostaithe ag dreamanna éagsúla Gael agus Gall araon. Scríosadh an tír agus thug annálaí comhaimseartha tuairisc ar bhás Éadbhaird Bruce agus ar an tréimhse ama a chaith sé in Éirinn mar a leanas:

Edubard a Briuis fer millte na hErenn uli co cotcend etir
Gallaib 7 Gaidilaib do marbad la Gallaib Erenn tria nert
cathagti 7 crodacht oc Dun Dealgan, 7 Mac Ruaidri ri Innsi
Gall 7 Mac Domnaill ri Oirir Gaedeal do marbad mar oen
ris and maille re nAlbanchaib maille friu. Et ni dernad o
thus domain, o do dichured Fine Fomra a hÉirinn, gnim bad

²⁵ Tá tuairisc ar chogadh *Edubard mac Roberd Briuis Iarla Cargi* a tháinig le ‘lucht’ trí chéad long agus na háiteanna a leanas luaite inti: *orer Ulad bud thuaid, Raith Mor Muigi Line* (a loisc siad), *Dun Dealgan* (‘do marb a ndaine’), *Ath Fir Diaidh meic Daman* (a loisc siad), *Cul Raithin* (leag siad an droichead agus an dá arm ar dhá bhruach na Banna). Ag *orer Indse Eogain* ‘conar faicibset diblinaib [Uí Néill 7 Bruce] coill na machaire na gort na gemur na sosad na saball na cill cin dod 7 cin loscad’ (1315 Ann Conn: 230 §2, 232 §4).

²⁶ do marbad vii. xx.it [7 X 20] galloclaech [ag Cilli Mori (*Kilmore*)] do muintir [Meic] Ruaidri’ (*ibid*:250 §8).

²⁷ Is go Cúige Chonnacht a chuaigh sé sa bhliain 1318 (*op cit*). Féach go ndeachaigh *Uilliam Burc* go *Mag Luirg*, *Ath in Chip* agus *Uachtur Tiri* freisin (*ibid* 1316:245- 46 §7). An bhféadfadh sé gurb iad Maigh Luirg agus Uachtar Thíre/ *Cootehall* i gContae Ros Comáin atá i gceist le *Mag Luirg* agus le *hUachtur Tiri*?

ferr d'fearaib hErenn uli ina in gnim-sin. Uair tanicc go[it] 7
gorta 7 dith daine re lind ar fodd Erenn ed tri mbliadain co
leth, 7 do ithdais na daine cin amuras a cheli ar fod Erenn
(1318 Ann Conn: 252 §8).

Cé gur maraíodh Bruce sa bhliain 1318 ‘maille re nAlbanchaib maille friu’, is cosúil gur fhan Gallóglagh eile in éineacht le taoisigh agus le rithe Gaelacha éagsúla, agus cuirfear an tuairim chun cinn go bhfaightear an eilimint BAL in oirthear na nÉireann de bharr thionchar na nAlbanach (féach Caibidil 3, **8.3**) agus na logainmneacha *Balsarn* [27] agus *Balrath* [90] á bhfiosrú, cé go mb’fhéidir nach díorthaithe ón eilimint BAL atá na logainmneacha sin.

4.7 Réimeas Éadbhard III (1327–1377) agus Risteard II (1377-1399) sa 14ú haois agus bailte fearainn a ainmníodh lena linn

Faoin mbliain 1337 bhí cogaíocht tosaithe idir Sasana agus an Fhrainc a leanfadh ar aghaidh ó am go chéile ar feadh céad bliain, agus tháinig na coilínithe a bhí lonnaithe in Éirinn ar an tuiscint nach bhféadfaidís a bheith ag brath ar thacaíocht rí Shasana rómhór; d’éiríodar ní ba neamhspleáiche agus níos láidre de bharr na tuisceana sin (Bartlett 2010:55-6). Baineadh siar astu, ámh, nuair a bhuaíl an phlá dhubh iad sa bhliain 1348 (féach Caibidil 3:**8.4**). Chuir Éadbhard III a mhac Lionel go hÉirinn sa bhliain 1360 mar go raibh na coilínithe nua ag gearán go rabhadar

oppressed by the Anglo-Irish magnates, and left defenceless
against the resurgent Gaelic Irish (Bartlett 2010:58)

Cé go raibh arm beag de 2,000 saighdiúr in éineacht leis, níor éirigh le Lionel mórán maitheasa a dhéanamh in aghaidh na nGael, de bharr

divers dissensions and debates’ between the Anglo-Irish and
the English as to how these soldiers should be deployed
(*ibid*).

Mar sin shocraigh sé ar iarracht a dhéanamh réiteach a fháil don tiarnas trí Reachtanna Chill Chainnigh a dhréachtú agus rinneadh sin faoin mbliain 1366 (Watt 1987:310, 386-90).²⁸ Eisreachtaíodh pósadh idir Gaeil agus Gaill sna Statúidí seo, d’fhoraitin siad go

²⁸ Is cosúil gur baineadh leas as córais éagsúla dlí sa 14ú haois, mar a thugtar le fios in achainí a chuir méaraí, báillí agus pobail na gcathracha in Éirinn chuig an giúistís agus chuig an rí agus a chomhairle roimh lár na 14ú haoise. Is mar seo a leanas a cuireadh síos ar an dlí: ‘Since the conquest there has been

gcaithfí Béarla amháin a labhairt sa choilín, agus sainíodh cód cultúrtha a cheadaigh bealaí Sasanacha i gcodarsnacht le bealaí Gaelacha. Eisreachtaíodh na bealaí Gaelacha (*ibid*). D’fhill Lionel ar Shasana - cheap sé go gcaomhnófaí córas cultúrtha Shasana de bharr na ndlíthe a bhí cumhdaithe sa reachtaíocht, agus go bhfeabhsódh an saol sa tiarnas dá bharr.²⁹

Is iad na bailte fearainn a bhfaightear tuairisc orthu i ndiaidh Reachtanna Chill Chainnigh ná *Caulstown* [30], *Carranstown* [29] agus *Gillinstown* [42]. Maidir le *Caulstown* [30], ós rud é gur tugadh *the land of the Cathil* ar *Caulstown* chomh deireanach le 1341, agus gur cláraíodh *Calyston* dó sa bhliain 1381, d’fhéadfadh sé gurb iad Reachtanna Chill Chainnigh ba chúis leis an athrú ainm.

4.8 An 15ú haois: Réimeas Anraí IV († 1419), Réimeas Anraí V († 1422), Réimeas Anraí VI (1422-1461, 1470-71, †1471); Réimeas Éadbhard IV: 1461-1471, 1471-1483.

Bhí go leor trioblóidí ag na Sasanaigh sa 15ú haois; bhí cogáocht ar bun idir Sasana agus an Bhreatain Bheag i dtús báire, agus thosaigh cogadh eile idir Sasana agus an Fhrainc sa bhliain 1415.

Rinneadh rí d’Anraí VI agus é ina naíonán, ach thagadh babhtáí gealltachais air ó am go chéile agus bhíodh ar a bhean Margaret d’Anjou feidhmiú mar leasríon nuair a bhíodh sé tinn. Tharla gur troideadh cogadh eile idir teach *Lancaster* agus teach *York* sna blianta 1454 go 1460 - ‘The war of the Roses’ le linn réimeas Anraí VI.

Is cosúil nach raibh sé ar chumas riarthoirí Shasana díriú ar an bpolaitíocht in Éirinn i gceart sa 15ú haois lena raibh de dheacrachtaí intíre acu féin. Bhí airgead gann de bharr na gcogaí uile agus ní rabhadar in ann an choilín in Éirinn a mhaoiniú i gceart, mar a léiríonn Bartlett:

Ormond... lieutenant of Ireland ... in 1442 was allowed a derisory three hundred archers ... and allocated a paltry

two sorts of people in Ireland, the English and the Irish, and there are still, and three types of law have been used among them, each of which conflicts with the other; common law; Irish law, and marcher law. It seems to us that where there is diversity of law the people cannot be of one law or one community’ (Watt 1987:377).

²⁹ Is cosúil nár athraigh Reachtanna Chill Chainnigh puinn, agus d’iarr na coilínigh ar Risteard II teacht i gcabhair orthu. Ós rud é go raibh síochán idir Sasana agus an Fhrainc agus Albain sna 1390í tháinig Risteard II le gunnaí móra agus le harm mór de 8,000 - 10,000 saighdiúr go Port Láirge sa bhliain 1394. Ní raibh sé i gceist aige cath a thosú mar bhí sé ar intinn aige leas a bhaint as na Gaeil ina arm. Mar sin d’éiligh sé ómós ar na taoisí Gaelacha agus ghlac sé leis nuair a thugadar dó é. ‘They promised fidelity and service for the future, and they also pledged themselves to abandon Irish habits of horse-riding, apparel and cuisine’ (Bartlett 2010:60).

stipend of £2,000; by contrast ... [the] lieutenant of Guienne in 1439 was given three hundred men at arms, 3,000 archers and payments totalling £36,000 ... (2010:61)

agus deir sé:

... reduced income meant that the small English garrison in Ireland frequently found their pay in arrears and ... resorted to 'free quarters'. This oppressive practice ... in the early decades of the fifteenth century ... dubbed 'coign and livery'³⁰ ... the seizure 'for nought...' of food, shelter, fuel, forage and even money from hapless husbandmen encountered by unpaid and ravenous soldiers on campaign [became widespread in the English lordship]. This yoking together of Gaelic and English customs came to symbolise the erosion of distinctions between the king's 'Irish enemies' and the king's 'English rebels' and to encapsulate that degeneracy of the Anglo-Irish magnates which the Statutes of Kilkenny, reconfirmed in 1506, had sought to prevent (*ibid*:62).

Is suimiúil gur cláraíodh *Betaghston* [4] sa bhliain 1400 den chéad uair agus tús curtha le 'coign and livery'. Cláraíodh *Newton*, paróiste *Colp* [11] sa bhliain 1408 den chéad uair, chomh maith le *Pulleston*, nó *Pilltown* [13] mar atá anois air. Níor cláraíodh logainm bhaile fearainn nua ar bith sa leathbharúntacht le linn réimeas Anraí V.

Nuair a tháinig Anraí VI i gcumhacht, chuir sé straitéis nua i gcrích le go gcoinneofaí an tiarnas (.i. Éire) faoi smacht; ba é sin go mbronnfaí £10 ar choilínithe dílse chun caisleáin a thógáil. Chuideodh na caisleáin seo leis na coilínithe a gcuid naimhde a chloí, mar aon le naimhde an rí. Ba le haghaidh Contae Lú a achtaíodh an dlí ar dtús (SRPI 1910:17), ach is léir gur leathnaigh scéim na gcaisleán £10 go Contae na Mí, mar tá tuairisc faoi chaisleán a beartaíodh a thógáil in *Piercetown* [90], cé nár cuireadh an plean i gcrích de bharr easpa airgid, (féach Caibidil 2).

Bhí ríthe Shasana buartha mar b'fhacthas dóibh go raibh meath ag teacht ar an gcoilín agus achtaíodh reachtaíocht sa bhliain 1465 le linn céad-réimeas Éadbhard IV ag ordú go gcaithfeadh na daoine glacadh le sloinnté Sasanacha, féach:

³⁰ 'From the Gaelic custom of 'guesting', 'livery' from the English practice of offering straw and corn' (*ibid*).

every Irishman dwelling within the Pale (BÁC, Mí, Lú, Cill Dara) shall take to him an English surname of one Towne, as Sutton, Chester, Trym, Sryne, Corke, Kinsale; or colour, as white, blacke, browne; or art or science, as smith, carpenter; or office, as cooke, butler; and that he and his issue shall use this name under payne of forfeyting of his goods yearely till the premises be done, to be levied two times by the yeare to the king's warres, according to the discretion of the lieutenant of the king or his deputy (Woulfe 1923:xxx).

Cláraíodh trí áit sa bhreis le linn réimeas Éadbhard IV .i. *Thomastown* [56] a bhfuil tuairisc air den chéad uair sa bhliain 1463, *Dovaneston* (*Downestown* [35] anois) a cláraíodh sa bhliain 1465 agus *Kellystown* [43] a cláraíodh sa bhliain 1472-3.

Níor cláraíodh aon logainm sa bhreis sa leathbharúntacht le linn réimeas Anraí VII.

4.9 An 16ú haois: Anraí VIII (†1547); Tús An Phrotastúnachais; Díscáileadh agus Coigistiú na Mainistreacha; Eilís I († 1603)

Shantaigh Anraí VIII maoin na hEaglaise agus shéan sé údarás an Phápa de bharr rialacha an phósta caitlicigh nár fheil dó. Cheap sé é féin mar Ardcheannaire ar Eaglais Shasana sa bhliain 1531, ní a chuir saibhreas mór na nOrd eaglasta faoina smacht.

Tósaíodh ar dhíscáileadh agus ar choigistiú na mainistreacha in Éirinn sa bhliain 1537 (Bartlett 2010:76). Rinneadh suirbhéithe ar a maoin le go roinnfí na tailte agus a saibhreas orthu siúd a bhí, agus a bheadh, dílis d'Anraí VIII.³¹ Níor tugadh tailte do na Gaeil (Bartlett 2010:82-3), ach rinne na Sean-Ghaill go maith as. Deir Fitzpatrick:

The Old English ... retained their Roman Catholicism while at the same time acknowledging the political reality of the new Protestant Church of Ireland. Their reward for doing so was very significant: they accepted monastic property in return for their allegiance (1988:1).

Feictear fianaise ar logainmneacha 20 baile fearainn de chuid na leathbharúntachta den chéad uair i gcáipéisí a scríobhadh le linn réimeas Anraí VIII (1509 -1547). Is é sin cúig oiread níos mó ná mar a bhí taifead orthu le linn réimeas ar bith eile i Sasana idir teacht na Normannach agus tús na 16ú haoise.

³¹ Deir White: 'Sir Anthony St Leger, Lord Deputy arranged for the taking of surveys 'Extents' of monastic property now in the king's hand' (IMP:iii).

Is leis an mbliain 1524 a bhaineann an tagairt stairiúil is sine a frítheadh do *Knokeryke* (= *Knockharley* [70]). Frítheadh an fhianaise ar *Thurstianstown* [88] agus ar *Seneschalstown* [87] faoin mbliain 1529.³² Is cosúil gur bunaíodh *Drommenhall alias Newtown* (paróiste *Knockcommon*) [82] sa bhliain 1537, bliain dhíscaoilte na mainistreacha. Is sa bhliain 1540-1 a fhaightear fianaise ar na logainmneacha seo a leanas den chéad uair:³³ *Sicily* [17], *Cruicerath* [18], *Sheephouse* [23], *Balsarn* [27], *Gaskinstown* [40], *Knockisland* [44], *Newtown* [48], *Rahill* [51], *Johnstown* [58], *Smithstown* [66], *Curragh* (= *Curraghtown*) [67], *Annagor* [73], *Calliaghtown* [74],³⁴ *Shallon* [78], *Gilltown* [80] agus *Rathdrinagh* [83].³⁵

Ós rud é go raibh an ceantar nach mór ar fad faoi smacht manach *Llanthony*, is féidir an tuairim a thairiscint gur bunaíodh *Smithstown* ar thailte coigistithe *sanctus Colomba de Colp*, agus gur bunaíodh bailte fearainn eile a luadh thuas ar thailte coigistithe *sanctus Michaelus de Duueluke*. Tharlódh gur baineadh cuid de thalamh *Reask* agus cuid de thalamh *Carblagh* chun *Gaskinstown* a chruthú, mar a phléifear i gCaibidil 2.

Níor cláraíodh aon logainm sa bhreis le linn réimeas Éadbhard VI (1547 - 1553) a tháinig i gcomharbacht ar Anraí, ná le linn réimeas Philib agus Mháire (1554 - 1558) a tháinig ina dhiaidh sin arís. Mar sin féin, luaitear cuid de na logainmneacha a chláraigh Anraí VIII i gcuid dá gcáipéisí, mar a fheicfear i gCaibidil 2. Bhí réimeas fada ag Eilís I idir na blianta 1558 agus 1603, ach ba mhó an tionchar a bhí aici ar Chúige Mumhan seachas mar a bhí aici ar an nGalltacht sheanbhunaithe in oirthear na tíre. Faightear fianaise ar logainm amháin sa bhreis i nDamh Liag Íochtarach le linn ré Eilíse; is é sin *Tuiterath* [71] a cláraíodh sa bhliain 1589.

Feicfear logainmneacha a cláraíodh sa 16ú haois (sna *Fiants* agus sna hionchúisithe) i gcáipéisí na 17ú haois arís, sa *Civil Survey*, sa *Down Survey* agus sna *Books of Survey and Distribution* ach go háirithe, mar a thaispeánfar i bhfianaise na

³² Cé gurb é 1529 dáta a chéad taifead mar *Roughgrange* [54], pléifear an fhéidearthacht gur seanlogainm é agus go mb'fhéidir go bhfuil tagairt dó in ICL faoin logainm *le Garuaghmede* sa 14ú haois.

³³ Tá cuid mhór den fhianaise seo curtha in eagar ag White (1943) sa leabhar *Extents of Irish Monastic Possessions 1540-41* (IMP). Chuir Mac Niocaill (1992) leis an eolas a bhí curtha ar fáil ag White, nuair a chuir sé eagar ar lámhscríbhinní eile na tréimhse ama sin a foilsíodh faoin teideal *Crown Survey of Lands 1540-1541*.

³⁴ Ós rud é go bhfaightear fianaise ar logainm eile (i gcáipéis a scríobhadh sa bhliain 1572 a bhfuil eilimint Ghaeilge nasctha le TOWN ann .i. *Curraghton*, tá an seans ann gurb iad na Sean-Ghaill Chaitliceacha a d'ainmnigh an dá háit *Calliaghtown* agus *Drommenhall alias Newtown* freisin - tá bunús Gaeilge ag céad-eilimintí na logainmneacha seo freisin. D'fhéadfadh sé gur cuid den mheath, 'degeneracy', ar an gcultúr gallda atá le sonrú san ainmniú seo, a bhfuil eilimintí Gaeilge agus Béarla meascáithe (ar ar díriodh Reachtanna Chill Chainnigh céad bliain roimhe sin).

³⁵ Is sloinnte Sasanacha (nó ainm pearsanta Sasanach i gcás *Johnstown*) atá i gcáilitheoirí ar ocht gcinn de na logainmneacha thuasluaite, mar a phléifear i gCaibidil 2.

logainmneacha i gCaibidil 2. Léiríonn a n-athluaite an mhíshocracht pholaitíochta agus an neamhsheasmhacht úinéireachta talún a d'fhulaing áitritheoirí na hÉireann san dá aois sin. Shroich an anbhuaín i leith úinéireacht talún i measc na Sean-Ghail a íospointe sa 17ú haois. Tabharfar sracfhéachaint ar chúlra polaitiúil na 17ú haoise anois, agus ar an tionchar a bhí ag an bpolaitíocht ar chláru logainmneacha Dhamh Liag Íochtarach.

4.10 An 17ú haois

Ba iad an dá théama móra a bhí fite fuaite ina chéile i stair na 17ú haoise in Éirinn ná an reiligiún agus an talamh. Aois chorráithe go mór a bhí inti - bhí ceist an reiligiúin chun tosaigh i Sasana, sa Fhrainc, sa Spáinn agus i bhFlóndras na hOlainne freisin, agus tionchar mór ag polaitíocht na dtíortha thuasluaite ar Éirinn. Cé gur ceist choinsiasa a bhí sa Phrotastúnachas mar ar chuir Liútar agus Cailbhín chun cinn i Reifirméisean na 16ú haoise í, d'iontaigh sí ina ceist pholaitiúil de réir mar a chuaigh an 17ú haois ar aghaidh - ní hamháin go ndearnadh leatrom ar Chaitlicigh i dtíortha a bhí faoi riar Protastúnach san aois sin, ach rinneadh leatrom orthu siúd a lean Cailbhín - na hÚgónaigh (*Huguenots*) mar shampla, a bhí faoi riar Louis XIV, rí Caitliceach na Fraince.

Bhí ríthe absalóideacha ag ceistiú fhlaithreas an Phápa, mórcheannaire na nOrd eaglasta. Bhíodh mainistreacha, tailte agus maoin deachúna nach beag i seilbh na nOrd eaglasta, agus bhí cáipéisí tuataí agus eaglasta ann a dheimhnigh na sealbha sin. Bhí na hoird in ainm is a bheith neamhspleách ar riarthoirí na dtíortha ina rabhadar lonnaithe - ba lú an chumhacht agus an mhaoín a bheadh ag ríthe Protastúnacha dá bharr. Ag an am céanna:

Bhí an t-údarás ríoga á cheistiú ag Piúratánaigh agus ag Cailbhínigh sa Bhreatain féin agus go seachtrach ag an Róimh (Ó Buachalla 1996:12).

Cuireadh an Frithreifirméisean ar bun chun tacaíocht a thabhairt do Chaitlicigh in aghaidh an Phrotastúnachais,³⁶ agus ba chumhachtach an ghluaiseacht in Éirinn í, cé

³⁶ Chuir Flaithrí Ó Maoil Chonaire an caiticeasma ar fáil le cúnaimh ó rí na Spáinne sa bhliain 1606 agus d'aistrigh sé *Desiderus .i. Sgáthán an Chrábhaidh* sa bhliain 1616 (O'Rahilly 1955). Scríobh Aodh Mac Aingil *Scáthán Shacramúinte na hAithridhe* don chléir ach go háirithe sa bhliain 1618. Scríobh Céitinn *Eochair-Sciath an Aifrin* agus *Trí Bior-Ghaoithe an Bháis* sa bhliain 1631 (Bergin 1992). Féach Ó Buachalla (1996) le haghaidh cur síos cuimsitheach ar litríocht na tréimhse.

go raibh polaitíocht ag baint léi chomh maith le reiligiún.³⁷ Bhí seasaimh dhochta dhaingine ag Protastúnaigh agus ag Caitlicigh araon i leith a greideamh féin. Bhí sliocht Liútair na hEaglaise Bunaithe (i Sasana, mar shampla) agus sliocht Chailbhín na bPreispitéireach (in Albain) in iomaíocht lena chéile, agus bhí na Caitlicigh roinnte in dhá ghrúpa freisin - iad sin a lean fealsúnacht Chornelius Jansen (a lean William Occam agus Duns Scotas),³⁸ agus iad siúd a lean Thomas Aquinas³⁹ agus Francisco Suarez.⁴⁰

Bhí impleachtaí móra ag baint le coincheapa na bhfealsúnachtaí éagsúla do mhonarcachtaí na hEorpa - d'easaontaigh Suarez, an fealsúnaí Íósánach, leis an gcoincheap gurb é Dia a bhronn ceart absalóideach an riaraithe ar ríthe. Bhí ar an bpápa dul i ngleic le ceist an absalóideachais agus cinneadh a dhéanamh maidir le tacaíocht a thabhairt (nó gan a thabhairt) do Chaitlicigh na hEorpa. Maidir leis na Sean-Ghaill Chaiticeacha ag a mbíodh cumhacht pholaitiúil nach beag in Éirinn suas go dtí an 17ú haois, bhíodar sin anois:

standing at the frontier of the great European split in Roman catholicism, the split between those who looked to constitutional dialogue with the temporal power and those who emphasised faith and obedience above political and constitutional rights (Fitzpatrick 1953:190).

4.10.1 Séamas I: 1603 - 1625

Bhí na blianta a raibh Séamas I i gcumhacht i ndiaidh réimeas Eilís I sách síochánta. Chuir filí na nGael fáilte roimh Shéamas mar ‘Céile na hÉireann’, an rí cóir, ar shín a ghinealach siar chomh fada le mac de Chlann Mhíle. Cé go raibh ré an *mind*, an *barr*, an *imscing*, an *leathbhróg*, agus *slat an rí* ar lár mar shiombailí ríoga na nGael anois, thagair na filí Gaelacha do shiombail nua na corónach - ‘choróin iongantach Éireann’ ina n-áit (Ó Buachalla 1996:5-10). Tar éis chath Chionn tSáile [1603] agus imeacht na nIarlaí Aodh Ó Néill agus Aodh Ó Donaill [1607], cuireadh plandáil nua ar bun ar a dtailte. Ba mhó an tionchar a bhí ag Séamas I ar Chúige Uladh ná mar a bhí aige ar an

³⁷ Ní hamháin go mbíodh briatharchathanna ar bun in aghaidh an Phrotastúnachais ag Íósánaigh agus ag Proinsiasaigh a oirníodh thar lear sa Lúbháin agus i *Salamanca* agus iad ag seanmóireacht i measc an phobail, ach thagair siad d’fhilleadh Aodh Uí Néill, Iarla Thír Eoghain agus do theacht rí na Spáinne le harm mór chun na Sasanaigh (nó na heiricigh mar a tugadh orthu) a chloí agus a ruaigeadh as an tír (Ó Buachalla 1996:27, 45).

³⁸ Lean na Proinsiasaigh Jansen. Chreid siad gurb é Dia a bhronn an creideamh ar dhaoine, agus go mba tábhachtaí an grá ná an t-eolas agus an loighic (Fitzpatrick 1988:213).

³⁹ Lean na Doimnicigh Aquinas (*ibid*).

⁴⁰ Lean na hÍósánaigh Suarez (*ibid*: 212-13). Chreideadar sa loighic agus sa reasún. Bhí na Doimnicigh níos gaire do na hÍósánaigh ina ndearcadh fealsúnachta ná mar a bhíodar do na Proinsiasaigh (*passim*).

gcuid eile den tír lena linn féin, ach d'fhillfeadh sliocht na nIarlaí ar Éirinn níos deireanaí agus ghlacfaidís páirt lárnach sa Fhrithreifirméisin agus in éirí amach 1641.

4.10.2 Séarlas I: 1625 - 1649

Rí absalóideach eile a bhí i Séarlas I agus bhíodh easaontas ar bun de shíor idir é agus a pharlaimintí, chomh maith leis an trioblóid a bhí aige le Preispitéirigh na hAlban. Bhreathnaigh sé ar Éirinn mar fhoinsé tacaíochta dó féin. Ba iad na dualgais a leagadh ar fhear ionad an rí - Wentworth - a d'fheidhmigh in Éirinn ón mbliain 1629 i leith, ná arm a chur ar fáil don rí (le cúnamh a thabhairt dó in aghaidh na bPreispitéireach Albanach), agus airgead a bhailiú ó na Sean-Ghail chun an státchiste a mhéadú. Bhain Wentworth leas as coistí fiosraithe le giúraithe, chun léasanna a athnuachan, cíosanna a ardú, teidil lochtacha a cheistiú, tailte a choigistiú, agus plandáil a dhéanamh (Ó Buachalla 1996:69). D'éirigh leis liosta de thailte na Sean-Ghall a chur le chéile sular glaoth ar ais go Sasana é lena chur chun báis mar fhealltóir. Faightear logainm amháin sa bhreis i nDámh Liag Íochtarach sa tréimhse staire seo. Is é sin *Bryenston* nó *Bryanstown* [92], a cláraíodh den chéad uair i bhfiosrú de chuid Shéarlas I sa bhliain 1635. Athchláraíodh go leor de logainmneacha na leathbharúntachta i bhfiosruithe Shéarlas I, féach Car I sna Táblaí i gCaibidil 2, agus d'athchlárófaí arís eile iad sna fiosruithe a lean.

4.10.3 Éirí amach 1641

Cé go rabhadar ag iarraidh fanacht dílis do Shéarlas I, d'éirigh na Gaeil, agus na Sean-Ghail Chaitliceacha (go drogallach) amach sa bhliain 1641 (Canny 2001:501 - 505). Ba é seo an chéad éirí amach a rinne na daoine in aghaidh riaracháin Shasana. Tá cur síos le fáil ar an idirlíon anois ar chuid de na heachtraí gránna a d'fhulaing na Protastúnaigh (mar fhrithghníomh ar a raibh tarlaithe do na Gaeil féin roimhe sin) le linn an ama seo sna *1641 Depositions* (<http://1641.tcd.ie/> Deireadh Fómhair 2014). Ós rud é nach raibh na *Depositions* ar fáil agus taighde ar logainmneacha Dhamh Liag Íochtarach ar bun don tráchtas seo, tugtar liosta de na logainmneacha ábhartha atá scríofa iontu anseo anois - *Kentstowne, Burtonstowne, Currahtowne, Ballmagarvy, Plattin, [?]Smithes Towne, Ballrath, [Northerne Rebels at] Duleek*.⁴¹

⁴¹ <http://1641.tcd.ie/deposition.php?depID=816096r042>
<http://1641.tcd.ie/deposition.php?depID=816115r058>
<http://1641.tcd.ie/deposition.php?depID=816005r003>
<http://1641.tcd.ie/deposition.php?depID=816170r101>

Tá dhá áit i nDamh Liag Íochtarach ar tharla eachtraí tábhachtacha iontu le linn éirí amach 1641. Is iad sin *Julianstown* [61] agus *Crufty* [75]. Is ag Teamhair agus ag *Crofty Hill*/ [*Knockcrofty*] a rinneadh an idirbheartaíocht idir Sean-Ghail na Páile agus ceannairí Ultacha an éirí amach (*Canny passim*).

Maidir le hiarmhairtí an éirí amach, deir Bartlett:

... the rebellion [which] was to have been an armed demonstration ... in its execution ... had immediately become a genuine people's uprising - the first in Irish history - with, as its principal feature, a pitiless onslaught by the native Irish on the settler population and their possessions. The rebellion plunged Ireland into a twenty-year nightmare of massacre and mayhem, involving total war, man-made famine and wholesale confiscation ... (2010:115).⁴²

4.10.4. Comhdháil Chill Chainnigh: 1642-49

Bhunaigh na Sean-Ghail Comhcheangal Chill Chainnigh sa bhliain 1642 faoin mana *pro Deo, pro Rege et Patria Hibernia unanimes* agus iad ar a seacht ndícheall ag iarraidh a ndílseacht don rí a chur in iúl (Ó Buachalla 1996:111). Bhíodar ag iarraidh a dtailte a choinneáil agus bhíodar ag iarraidh go mbronnfaí cuid de na tailte eaglasta coigistithe orthu. Bhíodar fós ag cruinniú cánach don rí, ag cur airm le chéile dó, ag gléasadh cabhlaigh dó (Ó Buachalla 1996 *passim*). Obair in aisce a bhí ar bun acu, ámh, nuair nár thuigeadar chomh lag agus a bhí an rí ina thír féin - bhí an lámh in uachtar ag na parlaiminteoirí i Sasana. Chloígh an *Rump Parliament* Séarlas I sa bhliain 1649. Triaileadh é, cuireadh tréas ina leith, cúisíodh é agus dícheannaíodh é.

4.10.5 Oilibhéir Cromail: 1653 -1658

Pé cumhacht a bhí ag na Sean-Ghail Chaitliceacha, bhris Cromail uile í le brúidiúlacht, (Bartlett 2010:127) le lámh láidir, le díbirt agus le polasaithe an choigistithe, an ghalldachais agus an iompair fhorneartaigh (*forced transportation*) (Corish 1976 (1991):368). Dísealbhaíodh na Sean-Ghail Chaitliceacha agus tairgeadh eastáit níos lú dóibh taobh thiar den tSionainn, chuaigh cuid dóibh ar a dteitheadh go dtí an Fhrainc, áit a raibh Séarlas II ar a theitheadh ón mbliain 1651 (Ó Buachalla 1996:127). Thit sciar úinéireacht na talún a bhí i seilbh na gCaitliceach sa bhliain 1640 ó tuairim is 60% go

⁴² Bailíodh 6,000 de na *deposition* sin ó Phrotastúnaigh a d'fhulaing le linn an éirí amach; dhíshealbhófá tuairim is 80,000 de Ghaeil agus de Shean-Ghail Chaitliceacha i ndiaidh an éirí amach, os cionn an 10 n-oiread de dhaoine (Bartlett 2010:129-30).

dtí thart ar 10% sa bhliain 1660 - tugadh plandálaithe nua Sasanacha isteach agus bronnadh an talamh orthusan (Bartlett 2010:128-133).

Maidir le harm an rí, bhí íocaíocht ag dul do 35,000 saighdiúir a throid i Sasana nó in Éirinn idir na blianta 1642 agus 1649. Gealladh dóibh go n-íocfaí le tailte na hÉireann iad. Mar sin, ba ghá lonnaitheoirí na hÉireann a dhíshealbhú agus a gcuid tailte a choigistiú (*ibid*:129), agus reachtáladh achtanna chun bonn dleathúil a chur faoin bpolasaí sin. Mar a deir Bartlett:

In theory, by the Act of Settlement (1652) and the Act of Satisfaction (1653), Catholic landowning east of the Shannon was almost entirely brought to an end. It is estimated that some eighty thousand Catholics - and some Protestants ... - were comprehended in these Acts, and were to lose everything, up to and including their lives (2010:129-30).

Bhí gá le suirbhéithe talún a dhéanamh le go n-aistreofaí an talamh, agus ordaíodh go dtógfáí trí cinn díobh sa bhliain 1653:

a survey of inquisition from juries; a survey by measurement and mapping; and a 'gross survey' ... to be attempted first (Corish (1976 B) 1991:361).

Bhí anord ag baint le bronnadh na dtailte ar dtús - tugadh roinnt tailte amach sula ndearnadh suirbhé ar bith orthu. Ansin tógadh (i) an *Civil Survey* [CS] idir 1654 agus 1657, (ii) dearadh léarscáileanna cuimsitheacha an *Down Survey* [DS] faoi stiúir William Petty, agus (iii) leanadh leo seo níos deireanaí leis na *Books of Survey and Distribution* [BSD]. Is iad na cáipéisí is luachmhaire ó thaobh taifid logainmneacha de, ná na cinn a d'eascair as an CS, an DS agus an BSD. Maireann tuairim is 75 logainm de chuid Dhamh Liag Íochtarach a cláraíodh sa CS i gcónaí, agus tá a mbunáite marcáilte ar léarscáileanna an DS freisin, mar a fheicfear sna Táblaí i gCaibidil 2. Is de bharr pholasaí na Sasanach i leith aistriú tailte ó Chaitlicigh go Protastúnaigh a fhaightear taifid chórasacha chuimsitheacha ar logainmneacha na hÉireann sa CS, sa DS agus sna BSD. Bronnadh talamh ar na saighdiúirí. Deir Petty:

A great part of the army, at least the most complaining part, had their land anno 1655, the rest receiving theirs anno 1656 (in Larcom 1860:vi).

Cláraíodh trí logainm sa bhreis den chéad uair sa CS/ DS .i. *Abby Land Parrish*, (*Abbeyland* [26]), *Pryory* (*Prioryland* [50]) agus *Veldonstowne* [72].

Níor sheas na socruithe talún a rinneadh in Éirinn le linn ré Oilbhéir Chromail †1658 (ná lena mhac Anraí ina dhiaidh). Faoi 1660, bhí glactha i mBaile Cliath le Séarlas II mar rí ar Éirinn.

4.10.6. Séarlas II: 1660-85

Nuair a tháinig Séarlas II i gcumhacht, d'fhógair sé go bhféadfadh saighdiúirí agus eachtraithe (*adventurers*) a gcuid tailte a choinneáil, ach amháin sa chás is go raibh 'innocent Papists' i dteideal na dtailte sin. Má bhí ar na saighdiúirí nó ar na heachtraithe cuid dá dtailte a thabhairt suas, chúiteofaí in áit éigin eile iad. Gheobhadh saighdiúirí a throid in arm a athar (Séarlas I) a gcuid tailte ar ais, chomh maith le daoine áirithe eile a dhíshealbhaigh Cromail (Bartlett 2010:133). Reachtaíodh *Act of Settlement* eile sa bhliain 1662 (Crook 1665, MR 16 B 2, lgh.1-125) (a d'fhreaschuir an *Act of Settlement* 1652) chomh maith leis an *Act of Explanation* 1665 (*ibid*: MR 16 B 2 (lgh.1-151),⁴³ agus cuireadh cúirteanna ar bun chun cuid de na tailte a athdháileadh ar na Caitlicigh.

Is i gcomhthéacs aistriú tailte 'by Decree ... 1663' nó 'by Certificate ...' a fhaightear ainmneacha daoine agus áiteanna i gContae na Mí sa BSD. Cláraíodh logainmneacha de bharr choigistiú agus athbhronnadh choiteann na tréimhse sin, chomh maith le logainmneacha a cláraíodh de bharr an *Act of Settlement 1662* a reachtaíodh

for the Settlement of His [Majesties] Kingdome of Ireland and Satisfaction of the several Interests of Adventurers, Soaldiers (*sic*) and other His Majesties Subjects there (Crook 1662).

Is cosúil gur scríobhadh an *Book of Survey and Distribution* [BSD] (Stowe Ms G VI 2, in RIA) do Chontae na Mí i ndiaidh 1668 ina bhfuil 63 logainm de chuid Dhamh Liag Íochtarach cláraithe. Luaitear na logainmneacha sa BSD leis an ngluais:

Returned by the Downe Survey. Shewing whose they were in Anno 1641, and to whom they are now sett out, by the Acts of Settlement and Explanation (*sic*).

⁴³ Tá an dá acht le fáil ceangailte i ndiaidh a chéile in aon mhórléabhar amháin, cf. MR 16 B 2 san RIA.

Cé nach féidir comparáid chuimsitheach a dhéanamh idir an CS/ DS agus BSD na Mí (a scríobhadh i ndiaidh 1668) sa tráchtas seo, is fiú difríochtaí samplacha a lua, agus déanfar sin anois.

- Chuaigh an *Abbey of Duleeke* - 30:0:00 acra - go Henry Draycott ‘in fee by Decree ...1663’⁴⁴ de réir an BSD.
- Fágadh *Gafney* ag a raibh 66:2:0 acra talún ag Stoakes (*sic*) ‘Irish Papist’ de réir an CS. Chomharthaigh an BSD mar thalamh ‘unforfeited’ é.
- Níor fágadh paróiste *Fennor* ag S^r Richard Barnwall ná ag Walter Stanly a raibh 352 acra agus 120 acra faoi seach acu, de réir an CS (44). De réir an DS,⁴⁵ bhí 395:0:0 acra ag Barnwall agus 126:2:8 acra ag Stanly, agus bhí 8:0:0 n-acra ag S. Dalbyvill. Chomh maith leis sin, bhí dhá bhlúire talún de 5:2:0 acra agus de 12:0:0 acra ag an eaglais. Fágadh slán an 12:0:00 acra mar ‘Churchland’ de réir an BSD, ach níl trácht sa BSD ar an mblúire talún de 5:2:0 a bhí cláraithe sa DS scór blianta roimhe sin.
- De réir an BSD, roinneadh bunáite *Fennor* idir Tiarna Sláine [Lo^d of Slaine] ‘in fee by Decree ... 1663’ (fuair sé 30:0:00 acra) agus Rob^t Harrington a fuair 121:0:12 acra ‘by Certificate ... 1666’, agus fuair Tho^s Dawson 045:0:00 acra; ba é Tho^s Bolan a fuair a bhformhór .i. 329:0:00 acra.
- Ba le Richard Barnwell (*sic*) *Johnstowne* atá i bparóiste *Fennor* 42:2:00 de réir an CS agus an DS. De réir an BSD d’fhorghéill sé *Johnstowne* agus bronnadh *Johnstowne* ar S^r Will^m Petty ‘by Certificate ... 1666’.

Nuair a shuimítear na figiúirí ar aistriú na dtailte seo i bparóiste *Fennor*, feictear go raibh 546 acra ann de réir an BSD a roinneadh idir cúigear, go raibh 546.4.8 ann a bhí i seilbh triúr ag am scríofa an DS, agus gur tomhaiseadh 472 acra fiche bliain níos tuisce (de réir an CS), ag am nuair a bhí paróiste *Fennor* i seilbh beirte.

Faightear thart ar 14 logainm de chuid Dhamh Liag Íochtarach i gcáipéisí eile de chuid Shéarlas II, mar a fheicfead i gCaibidil 2, féach Car II i dTáblaí na logainmneacha.

4.10.7 Séamas II 1685-1688, Liam Oráiste & Máire, (iníon Shéamais) 1688 -1702, Coigistithe Liam

Níor ró-mhaith a d’éirigh le Séamas II i Sasana; bhí na Sasanaigh glan in aghaidh an Chaitliceachais. Nuair a chuir sé trí chos-slua de mhuintir na hÉireann anonn go Sasana

⁴⁴ ‘In fee (fee farm) means absolute ownership as opposed to a lease which is for a period of years. There is only a token rent for a fee farm’ (ríomh-phost ón Ollamh Raymond Gillespie 2014).

⁴⁵ Féach DS (P7382A , miocrascannán atá sa Leabharlann Náisiúnta).

sa bhliain 1688, cuireadh an oiread oilc ar an bpobal thall go mb'éigean dó teitheadh chun na Fraince. Thóg Liam Oráiste a áit mar rí Shasana agus thosaigh feachtas míleata in Éirinn idir an dá rí agus airm mhóra acu araon - bhí os cionn leathmhilliún saighdiúirí ag Cath na Bóinne, 36,000 saighdiúirí ag Liam, a raibh Ollanaigh, Gearmánaigh, Úgónaigh, Danair agus Sasanaigh ina measc, chomh maith le dhá reisimint as Cúige Uladh, agus bhí 25,000 saighdiúirí ag Séamas idir Éireannaigh agus Fhrancaigh (Simms 1976:483-487). Mar chríoch, cloíodh fórsaí Shéamas II ag an mBóinn, i nDoire agus in Eachroim, cé gur sheas muintir Átha Luain léagar fada, agus chosain muintir Luimnigh an chathair faoin Sairséalach ar feadh i bhfad sula ndearnadh conradh (*ibid*:491-506). Bhí an svae ag Protastúnaigh na tíre (agus na hEorpa) arís.

Luaitear dhá logainm de chuid Dhamh Liag Íochtarach le Cath na Bóinne a troideadh sa bhliain 1690. Is iad sin *Oldbridge* [21] agus *Duleek* [37]. Cláraíodh 6 logainm de chuid Dhamh Liag Íochtarach i gcáipéisí Liam agus Mháire, féach *Gul & Mar* sna Táblaí i gCaibidil 2.

De réir a chéile briseadh go hiomlán ar chumhacht na Sean-Ghall Caitliceach agus ar na Gaeil trí choigistithe Liam. Aistríodh 41,844 acra i gContae na Mí amháin idir 1702 agus 1703 (Simms 1956:177-192). Ba iad na hionstraim a d'úsáid Liam Oráiste ná 'Outlawry' (bíodh is gur beo nó marbh a bhíodhas) (*ibid*:30-2, 36), cuireadh tréas i leith na gCaitliceach mar bhealach lena dtailte a choigistiú, cf. na 'Bills of Attainder' 1689 - 1694 - bhí 7 gcinn díobh sin ann (*ibid*:32, 82), cuireadh coimisiún ar bun le fiosrú a dhéanamh ar cé chaoi a raibh na coigistithe á gcur i gcrích ('Commission of Inquiry 1699', *ibid*:96-109), agus reachtáladh an *Act of Resumption* [*of forfeitures*] sa bhliain 1700 (*ibid*:110). Iarradh ar iontaobhaithe suirbhéithe a dhéanamh le go ndíolfaí na tailte (na 'Trustee Sales' 1702-1703, *ibid*:148) agus rinneadh an suirbhé ar Chontae Lú, ar Chontae na Mí (an bharúntacht Dhamh Liag san áireamh) agus ar Chontae an Chábháin i seacht seachtainí, féach *Trustee Survey for the Sale of the Forfeited Estates made 2 Aug - 18 September 1700* (Horner & Loeber 2011:64). Faightear tuairim is 14 logainm de chuid Dhamh Liag Íochtarach sa suirbhé seo i measc na *Descriptions of Forfeited Properties in Counties Meath Louth and Cavan* féach 'Forfeited Estates 1700' sna Táblaí i gCaibidil 2.

4.10.7.1

De réir an Réamhrá a scríobh MacLysaght don leabhar *Seventeenth Century Hearth Money Rolls ...* tá 'hearth Money Rolls of the 1660's' ar fáil do na Contaetha a leanas:

Dún na nGall, Doire, Aontroim, Ard Mhacha, Tír Eoghain, Fear Manach, An Cabhán, Muimhneachán, Sligeach, Tiobraid Árann, An Lú, Baile Átha Cliath, Cill Dara, agus Cill Mhantáin (1967:3,4), agus deir MacLysaght:

There are very few full copies of hearth money rolls
for the eighteenth century extant (*ibid*:4).

Ós rud é nár luaigh sé Contae na Mí, ní dhearnas níos mó fiosraithe faoi na rollaí céanna go dtí gur dhírigh Peter Connell, eagarthóir Ríocht na Midhe, m'aird ar na *Headfort Papers* a bhfuil taifid iontu ar an airgead teallaigh a chruinnigh bailitheoir cánach sa bhliain 1792 i roinnt paróistí de chuid Chontae na Mí. Tá na taifid seo le fáil sna lámhscríbhinní MS 26735 agus in MS 26736 (LN).⁴⁶ Is *Duleek 92* atá scríofa ar chlúdach MS 26735, agus is

Survey Book
No.
For the Pari fses of this Half Survey
The Book containing ... Leaves
Delivered to ... Hearth Collector
of ... Walk, on the ... day of 179...
By Supervi for

atá scríofa ar an leathanach tosaigh - níor líonadh na bearnaí. Ba é John Jones an bailitheoir cánach agus chríochnaigh sé a chuid oibre ar an '2nd Day of August 1792'. Chláraigh sé an t-airgead a bhailigh sé sna paróistí *Colp, Donore* agus *Kilsharvan* sa lámhscríbhinn. Tá lámhscríbhinn eile ann, NLI MS 26736 a bhfuil taifead ar an airgead teallaigh a bailíodh sna paróistí *Ballymagarvey, Brownstown, Danestown, Fennor, Kentstown, Knockcommon* agus paróistí eile.⁴⁷ Toisc a dheireanaí agus a fuair mise an t-eolas sin, níl samplaí *Hearth Rolls* na bliana 1792 cláraithe i dTáblaí na logainmneacha i gCaibidil 2, agus tugtar liosta na logainmneacha anseo thíos, mar ar cláraíodh i 1792 iad. [Cuirtear cló trom ar ghiorrúcháin, ar litreacha éiginnte agus ar cheithre logainmn ar mhaithe le haird a dhíriú orthusan]:

⁴⁶ Tá an tríú lámhscríbhinn ann ón mbliain 1793 freisin .i. NLI MS 26738 ina bhfuil taifid ar chruinniú an airgid teallaigh sna bparóistí *Ardagh, Dowth, Gernonstown, Kilarly, Mitchelstown, Siddan, Slane* agus *Stackallen*.

⁴⁷ Seo liosta na bparóistí ina iomláine: *Ardcath, Ardmulchan, Ballymagarvey, Brownstown, Clonalvy, Danestown, Fennor, Kentstown, Knockcommon, Rathfeigh* (NLI MS 26736).

*Longford Commons/ Longf Commons/ Longfd Commons, Com of Duleek/ Commons of Duleek, Carron Town/ Carronstown/ Carrion Town, Cale Town/ Calestown, Cro f's of Shallin, Cro f' of Platten, [logainm doléite]/ Cro f's of Platen/ Cross of Platon/ Platon/ Newtown Platon, **Lugavoiar** [= ?*Log an Mhúir/ Lagavooreen]/ Legavoran X 2, P/Blattan, Little Gafny, Carrans, Johnstown X 2, Bolies X 2, Deens X 2, Garbala/ Garbla, Thomas Town/ Thomastown, Kelly s Town, Mulafin X 2/ Mullafin, Gaskinstown X 2, Oldbridge, Redmountain X 2, Downstown X 2, Gillins Town/ Gillinstown, Drumin, Corbale f's/ Corbali f's, Lougher X 2, Ro f'naree X 2, Gilstown/ Gilltown, K:Common [= Knockcommon], Roughgrange X 2, Roughgrang ... Paynston ont [?], Knockeland nó Knocheland [**k** nó **h** doiléir]/ Knockisland, Gallstown X 2, Curragh town/ Corough Town, Parish of Dunover, Donover, CruseeRath/ Cruiserath, Sheep House/ Sheephouse, Old Bridge X 4 Oldbridgepa f's, Rathmullin X 2, Kilsharvin X 4/ Kilshavin/ Kilsharvan, Shallon X 2/ Shalon, Parish Colp, Bay More X 2, Bay Bog [= Bay Beg],⁴⁸ Pile•Town/ Pill Town, Betystown/ Bety's Town, Donagarney (MS 26735) agus Ballamagarvey, Kentstown, Brownstown, Knockcommon, Finner, Dainstown, Barony Duleek, Parish Ballamigarny/ Ballamagarvy [-vy doiléir]/ Balamagarvy X 2 [an-soiléir], Burtons Town/ Burtonstown, Belrath, Parish [of] Kents Town X 2/ Kins Town, Flemⁿ. Town X 2/ Fleming Town, Daltons/ Doltons Town, Veldins Town X 2, Knockshamon/ Nock Comon, Parish of Knockcomon X 2, Redrena/ Radrina, Sisly X 2, Lougher, Newtown X 2, Cullin X 2/ Cullen, Ra f'naree, Parish of Finer/ Finner/ Finnier/ Castle Fin^r/ Finer, **Horses Town** X 3, Pains Town X 2, **Ballinlough**, Reask P.T. [P.T./ Town = Painstown], Reask P. Town, Senshalstown, Dolers Town X 2, Dolords Town (MS 26736).*

Is beag eolas sa bhreis atá le baint as na foirmeacha liostaithe thuas seachas:

- (i) go raibh **Longford Commons** ann ag deireadh na 18ú haoise; níl sé ansin níos mó,
- (ii) go bhféadfadh **Lugavoiar** seasamh do *Log an Mhúir, féach *Lagavooreen* [93],
- (iii) gur tugadh **Horses Town** ar *Thurstianstown* [88] agus

⁴⁸ Tá an guta 'e' an-chosúil le 'o', ach sílim go mba shin an stíl a bhí ag scríbhneoirí na 18ú haoise, mar tá an cineál 'e' atá cosúil le 'o' le fáil in *Hiberniae antiquae et novae nomenclatura* freisin. Ceaptar gurb é Archdall a scríobh an gasaítear sin sa bhliain 1771 (NLI MS 3234).

(iv) tugadh *Ballogh al' Ballelogh al' Ballagh & Shallon* ar *Shallon* [78], (cf. (7) sa Tábla i gCaibidil 2); faightear taifead ar an logainm cosúil *Ballinlough* a bhí i bparóiste *Painestown*.

4.10.8 An 19ú haois go dáta

Ní gá dul isteach i stair na 19ú haoise i gcomhthéacs logainmneacha Dhamh Liag Íochtarach anseo - bhí foirmeacha na logainmneacha nach mór socraithe faoin 19ú haois. Tagraíodh don obair thábhachtach a rinne lucht na Suirbhéireacht Ordanáis sa Réamhrá, agus feicfear torthaí na hoibre a rinneadar i dTáblaí na logainmneacha i gCaibidil 2, chomh maith leis an obair mhór a rinne Brainse na Logainmneacha ó shin i leith. Níor cláraíodh ach logainm nua amháin sa 19ú haois - *Glebe* [60], cé gur baineadh leas as an téarma 'glebe' roimhe sin. Is logainm é a thagraíonn go hindíreach don Eaglais Bhunaithe Phrotastúnach, Eaglais na hÉireann. Ba i seilbh na cinsealachta Protastúnaigh a bhí tailte na tíre ón 19ú haois go dtí gur bunaíodh Saorstát Éireann.

5. Iarsmaí Stairiúla Suntasacha

Tá fothracha túrthí (*towerhouse*) le feiceáil in *Donacarne*y i gcónaí (AICM 1987:172, §1731). Thairfead Moore suímh túrthithe i *Mornington*, i *Newtown* [OS 22:4:5 (80.1, 51.9)] (*ibid*:172, §1755, *ibid*:174, §1766) agus in *Great Carranstown* (*ibid*: 168, §1715). Is cosúil gur tógadh *Platin Hall* (c1700) ar shuíomh sheanchaisleáin de chuid D'Arcy (*ibid*:1987:174, §1769). Tharlódh gur mhaoinigh Anraí VI na túrthithe thuasluaite de réir reachtaíochta a dhréachtaigh sé in 1429 agus é ag tairiscint £10 dá ghéillsinigh i dtreo chostas na gcaisléan (SRPI Hen VI:16).

Tá tagairt déanta d'iarsmaí na nAgaistíneach in *Abbeyland* idir fhothracha an tí pobail, agus gheata ard a sheas san áit a bhfuil *Duleek House* anois (O'Boyle 1989:19, 22). Tá teacht ar fhianaise sheandálaíoch ar ghráinseach *Llanthony Secondo* agus ar a córas páirceanna freisin (AICM 1987:127, §1322. *ibid*:120, §1237. *ibid*:166, §§1694-1695).

Tá dhá struchtúr arda i *Mornington*, *The Maiden Tower* agus *The Lady's Finger*. Tógadh *The Maiden Tower* roimh 1582. Ceapadh sa 19ú haois gur thóg sé a ainm ón 'Maiden Queen' .i. Eilís I, mar gur tógadh le linn a réimis é (Wilde 1849:264), ach de réir tuairisc eile tugadh *Mayden Tower* ar an túr, mar go mba é *Mayden Hayes* ainm na háite ina bhfuil an túr. Is dócha gur fheidhmigh an dá thúr mar mharcanna do

mhairnéalaigh a bhí ar farraige agus iad ag iarraidh béal na Bóinne a aimsiú le teacht i dtír.

Insítear scéal tragóideach béaloidis, go háitiúil, faoin gcaoi ar ainmníodh an túr. Bhí bean óg geallta le ridire, ach b'éigean dó dul thar sáile ar eachtra sula bpósadh sé í. Tógadh an *Mayden Tower* di le go mbeadh sí in ann a bheith ag faire amach thar farraige dó. Bhí seisean ceaptha bratach bhán a chrochadh ar chrann an bháid agus é ag filladh abhaile, ach is bratach dhearg a chrochfaí, mura mbeadh sé beo. Ag seoladh abhaile dó, chonaic seisean an túr faire agus b'fhacthas dó gur thóg namhaid nó gabhálaí é, agus chroch sé an bhratach dhearg mar bhagairt ar an namhaid a shamhlaigh sé a bheith ann. Nuair a chonaic an bhean óg dath na brataí, chaill sí a ciall agus chaith sí í féin anuas den túr (Wilde 1849:264).⁴⁹ De réir leagan áitiúil eile den scéal, níor cailleadh an bhean óg i ndiaidh a titime, ach ghortaigh sí a lámh, sa chaoi is gur fágadh ceann dá méara righin, agus tugadh *Lady's Finger* ar an túr da bharr sin.

Níos gaire arís dár n-am féin, sna céadta seo caite, bhíodh muilte fairsing sa leathbharúntacht agus iad marcáilte go fliúirseach ar léarscáil Larkin 1812. Tá iarsmaí muilinn gaoithe agus muilinn uisce fós le feiceáil i m*Balrath*. Tógadh sa bhliain 1780 an muileann gaoithe, ach scriosadh in 1889 é, nuair a bhuail hairicín an áit:

the anchor chain of the sails smashed, with the result that the sails rotated at a very high speed, overheating and melting the bearings of the gear wheels and eventually causing the mill to take fire (Moss 1976:27).

D'fheidhmigh an muileann uisce go dtí 1902.

It was driven by a wooden undershot water wheel, 16 feet in diameter; the millrace being the stream from Somerville. It ground wheat meal and had a kiln for drying flake meal (*ibid*:28).

⁴⁹ Is scéal é sin a bhfuil macalla den scéal miotaseolaíochta Gréagach faoi *Theseus* a mharaigh an *minataur* i gCréit, a gheall dá thuismitheoirí (*Aegeus* nó *Poseidon* (Dia na Mara) agus *Aethra*) go gcrochfadh sé seolta bána dá dtiocfadh sé slán abhaile ón gCréit, ach mura raibh rath ar an eachtra go gcrochfaí seolta dubha ar chrann an bháid. Féach freisin Carney a thagraíonn do mhóitíf seo dhath na seolta sa scéal 'Tristan agus Isolde' agus a deir go bhfuil an fheidhm chéanna sa scéal sin agus atá ag an gcloch 'chomhshaoil' atá i seilbh Threabhlainn sa scéal 'Tochmharc Treabhlainne'. Nuair a deir Mír le Treabhlan go maródh Conall Fraoch (a fear) in éineacht lena cheithearn ag Longbhordaibh Leatha gar d'Albain, freagraíonn Treabhlan é mar a leanas: 'Ata leam ní arafhindabh ... ata agamsa cloch comshaeguil am chisti 7 ma fuair mo cheilesi bás dogebtar an cloch arna combrisdh' (LFM 70b, línte 3-5 in Lawlor 2007:30). Faightear an mhóitíf chéanna in 'Scéla Cano Mac Gartnain' freisin. De réir an scéil sin, chuir beirt bhan sí anam Chano isteach i gcloch agus é ag teacht ar an saol (1979:194).

Liostaítear dornán tithe móra agus tithe coiteanna a tógadh ón mbliain 1690 i leith sa *National Inventory of Architectural Heritage Ireland* [NIAH] (<http://www.buildingsofireland.ie/niah>), a bhfuil *Duleek House* (14321014),⁵⁰ *Eastham House* (14316020), *Betaghstown House*, (14316023, 14316025), *Connell's House* (14321007), *Oldbridge House* (14402016), *Donacarney House* (14318001), *Julianstown House* (14323007) ina measc, chomh maith le tithe i mbaile Dhamh Liag (14321002, 14321003, 14321006), Teach na Cúirte (14321008) i mbaile Dhamh Liag, tithe i mbaile Iúiliáin/ *Julianstown* (14323004), *Haystown Cottage* (14402503, 14402504) in *Dollardstown*, teach (14402001) agus *Boyne Valley Cottage* (14402004) in *Donore*, teach beag eile in *Redmountain* (14402702), teach beag eile arís i *Staleen* (14402013), chomh maith le híoclann i mBaile Iúiliáin/ *Julianstown* (14323005), muilte i mBaile Iúiliáin/ *Julianstown* (14323001) agus i *Rosnaree* (14402606), Oifig an Phoist i m*Balrath* (14403205) agus áith aoil i mBaile Iúiliáin/ *Julianstown* (14323003). Faightear tuairisc ar na tithe pobail, ar dhroichid, ar na stáisiúin traenach, ar shean chaidéil déanta d'iarann múnlaíthe, agus ar ghnéithe eile den ailtireacht agus de na seandéantúis theicniciúla ar shuíomh an NIAH freisin (*op cit*). Cuirtear síos ar na tithe solais agus ar theach an fhir solais i *Mornington*, agus déantar cur síos ar an teach pobail, ar thithe ceann tuí, ar an reilig, ar chaidéal uisce iarainn agus ar chlochmhíle a gearradh sa bhliain 1780.⁵¹

Tá monarcha stroighne ag tairgeadh stroighne i b*Platin* ón mbliain 1972.⁵² Léiríonn léarscáileanna stairiúla na SO an chaoi ar athraíodh tírdhreach na leathbharúntachta leis an tógáil ollmhór a rinneadh idir 1995 agus 2005 <http://maps.osi.ie/publicviewer/#V1,588882,739883,0,10>.⁵³

Rinneadh cur síos ginearálta ar ghnéithe áirithe de Dhamh Liag Íochtarach sa Chaibidil seo. Breathnófar ar logainmneacha pharóistí agus bhailte fearainn na leathbharúntachta i gCaibidil 2.

⁵⁰ Faightear tuairisc ar na tithe *srl* ach an uimhir i lúibíní a chlósscríobh san áit chuí ar shuíomh idirlín an NIAH.

⁵¹ <http://www.buildingsofireland.ie/niah/search.jsp?county=ME&checkbox1=true&datefrom=0&dateto=00&checkbox2=true&classification=Choose+a+Type+...&checkbox3=true&name=&checkbox4=true&town=&checkbox5=true&townland=0713&type=advanced&page=2> .

⁵² <http://www.irishcement.ie/wp-content/uploads/2010/06/Platin-Brochure.pdf>.

⁵³ 1995 <http://maps.osi.ie/publicviewer/#V1,715156,775401,4,5>

2000 <http://maps.osi.ie/publicviewer/#V1,715156,775401,4,4>

2005 <http://maps.osi.ie/publicviewer/#V1,715156,775401,4,0>

Caibidil 2

Barúntacht: Damh Liag Íochtarach

Paróiste: Ballymagarvey

[1] **BALLYMAGARVEY**¹ (ainm Gaeilge le deimhniú *logainm.ie* 2009)

*Baile Mhac Gairbhith → * **Baile Mhac Gairbhí** (moladh an taighdeora 2014)

- 1) 1211-12 ? villa Macgarcei X 2² Pipe Roll John 1211-1212:20, 22
- 2) 1282 Ballimacgarvi CDI 1252-84:455, 1988
[demesne of]
Ballymagarvey³
- 3) 1302-06 Balingarvy 713 Tax D. M. CDI 1302-1307:252
- 4) 1302-06 Balymagarvy 714 Roll of Tax *ibid*:262
- 5) 1309 Balymacgarvy Rot Pat 9b, 104 [Ed II, 2]
- 6) 1455 Ballmagarvy SRPI Hen VI: 328, (Fraincis)
- 7) 1455 Ballmagarvy SRPI Hen VI: 332 (Fraincis)
- 8) 1536 Balmagarvey H VIII 81/54 CI 1991:46
- 9) 1538 Balmagarvoy H VIII 129/127 *ibid*:68
- 10) 1546 Balmagarve H VIII 193/56 *ibid*:110
- 11) 1557 Balmagarvy P & M 7/36 *ibid*:144
- 12) 1627 Balinagarvie Car I 30 Inq Lag
- 13) 1654-56 Ballymagarvey CS 37
Ballimagarvey 38
- 14) 1655-9 Ballingarvy [P] BN Goblet:6
- 15) 1654-57 Ballingarby 4 [P] DS An Index of Parrishes with the quantities
of acres Contained in Each of them
Ballinagarvy 4 DS An Index of Townes Names with the
pages where to find them
Ballingarvy Index:Parrishes of Colpe
Killcarvan Clonalvy Knockhammon
Kentstowne and Ballingarvy...

¹ Cuirtear síos ar an bparóiste mar a leanas: 'The Parrish of Ballingarvy is Bounded on the South and West with the Barony of Skreene on the North with the Parrishes of Kentstowne, Knockhamon and Duleeke and part with the barony of Skreene. The quality of the soyle hereof is very good Arable meadow and pasture. It contains these following townelands wiz Ballinagarvy, Balrath, Britonstowne and Sisley being part of the parrish but in the Barrony of Skreene. There is a Layre [= ?large] stone house in Balrath in repair, a large slated stable and the walls of a large stone house. In Ballingarvy the walls of an old Church, The River Nanny runs through the Middle of this Parrish and there is a Stone Bridge over it' (DS).

² 'villa Macgarcei is possibly Ballymagarvey' (*op cit*:fonóta 99).

³ An bhfuil an *Bally* leasaithe ag an eagarthóir?

- 16) 1654-57 Ballingarvy DS Is: The Parrishes of Ballingarvy and Killmoone
Ballingarvy by Tho^s West and Edw^d Wilson.
An Exact copy by Dan^l O Brien Surv^r
- 17) c1668 Ballingarvy 13 BSD Index⁴
Ballingarvy Parish 13 *ibid* 13, Teideal sa téacs
Ballingarvy *ibid* 13, 1663 sa téacs
- 18) 1663 Ballymagarny [P] Car II 4 Inq Lag 1826
- 19) 1672 Ballingarvoy [P] HD Goblet:6
- 20) 1812 Ballymagarvey [P] Co. Map 1812:AL TT *logainm.ie*
Ballymagarvey
- 21) 1824 Ballymagarvy [P] HCSV:AL TT *logainm.ie*
Ballymagarvy
- 22) 1826 Ballymagarvey [P] HV Educ Rpt:AL TT *logainm.ie*
- 23) c1830 The Parish of BS:AL TT *logainm.ie*
Ballymagarvey
Ballymagarvey
- 24) 1835/6 Ballymagarvey Ho Is SO
revised
1899
- 25) 1836 Ballymagarvey HC Educ. Rpt 1826:AL *logainm.ie*
- 26) Ballymagarvy [P] GJ Rates
Ballymagarvy (Old Docket):AL TT *logainm.ie*
- 27) 1836 Ballymagarvey Custom:AL TT *logainm.ie*
- 28) 1836 Ballymagarvey dúch dearg:AL TT *logainm.ie*
- 29) 1830-40 Ballymagarvey JOD:AL TT *logainm.ie*
- 30) 1838 Baile Mhic Gairbhe [P] OD:AL TT *logainm.ie*
Baile Mhic Gairbhe pl:AL
'Mac Garvey's town'⁵
- 31) 1838 Baile Mac Gairbhe [P] pl:AL TT *logainm.ie* OSL 163
- 32) 2014 'bailəma'garvi: fogharscríobh, David Keaney
'bali:ma 'garvi: Paul Kerby

Is i bparóiste *Ballymagarvey* atá an baile fearainn *Ballymagarvey* i mbarúntacht Dhamh Liag Íochtarach, i gContae na Mí. Beifear ag áiteamh nach bhfuil baint ag *Villa Macgarcei* (1) le *Ballymagarvey*, féach Caibidil 3, **7.8**.

⁴ 'An Alphabet Index of y^e denominacons of Lands in this Barr:^o of Duleeke And folio where to find them' atá mar theideal an innéacs seo.

⁵ Tá an míniú seo ar an bparóiste agus ar an mbaile fearainn araon (TT *logainm.ie*).

Faightear na foirmeacha *Ballimacgarvi* (2), *Balimgarvy* (3), *Balymagarvy* (4) *Balymacgarvy* (5) i gcáipéisí Laidine a scríobhadh sa 13ú haois agus ag tús na 14ú haoise. Tá an fhoirm chiorraithe BAL (< BAILE) le feiceáil sna samplaí *Bal[l]magarv[e]y* (6), (7), (8), (10), (11), *Balmagarvoy* (9) agus *Balmagarve* (10) a scríobhadh sa 15ú haois agus sa 16ú haois (pléifear BAL i gCaibidil 3, 8 - 8.4). Ansin faightear BALLY arís sa 17ú haois, féach *Ballymagarv[e]y/ Ballimagarvey* (13), agus arís eile i bhfoinsí na 19ú haoise, féach (20) - (29).

Tá samplaí den logainm le fáil ar léarscáileanna na 17ú haoise, a bhfuil BALLY san fhoirm *Bal[l]i* iontu, féach (12), (14), (15) agus a bhfuil *-m-* athraithe go *-n-*, féach *Balinagarvie* (12) agus *Ballingarvy* (14) - (17). Léiríonn an siolla *-ny#* ag deireadh na foirme *Ballymagarny* (18) an deacracht a bhíonn ann uaireanta, litir lámhscríofa a léamh i gceart, nuair a bhíonn stríocanna chomhthreoiracha inti - má bhí *-u-* le haghaidh *-v-* sa bhuntéacs, gan cheangal in íochtar (ná in uachtar), d'fhéadfaí scríobhaí a chur dá threoir, agus *-n-* a léamh go hearráideach (cf. an Réamhrá), agus sílim go mb'fhéidir go mba shin a tharla i gcás na foirme *Ballymagarny* (18). D'fhéadfadh sé gur easpa dúigh sa bhunlámhscríbhinn is cúis leis an *-voy* (in áit *-vey*) sa siolla deireanach den fhoirm *Balingarvoy* (9), (19), toisc an chuid bheag taobh istigh den litir *-e-* a bheith ar iarraidh agus an litir *-o-* a bheith léite ag an tras-scríobhaí dá bharr.⁶

Seasann foirm amháin amach i measc foirmeacha an DS a taifeadadh sa 17ú haois - is í sin *Ballingarby* (15), a bhfuil *-b-* seachas *-v-* inti. Tá an fhoirm sin le fáil ar liosta 18 bparóiste atá ar leathanach innéacs an DS a chuireann síos ar bharúntacht Dhamh Liag.

Is cosúil go bhfuil trí eilimint le fáil in *Ballimacgarvi/ Balimgarvy/ Bal[l]ymagarv[e]y/ Bal[l]magarv[e]y* srl mar a leanas: *Bal[l]i* (2), (3), (12), (14) - (17), (19), *Bal[l]y* (4), (5), (13), (18), (20) - (29), *Bal[l]* (6) - (11), *garvi[e]* (2), (12), *garvy* (3) - (7), (11), (14) - (17), (21), (26), *garvey* (8), (13), (20), (22) - (25), (27) - (29), *garvoy* (9), (19), *garve* (10), agus an eilimint MAC eatarthu, nach bhfuil tugtha ina hiomláine, ach in dhá shampla, féach *mac* (2), (5). Is *ma-* atá ann do *mac* i samplaí (4), (6) - (11), (13), (18), (20) - (29), agus is cosúil go bhfuil an consan coguasach neamhghlórach *-c#* a bhíonn ag deireadh na heiliminte MAC, comhshamhlaithe le túsconsan coguasach glóraithe *#g-* de *garvi[e]/garv[e]y* srl. Is cosúil gur *m-* siollach atá i sampla (3), agus gur scríobhadh *n* in áit *m* mar thúsleitir na heiliminte MAC go

⁶ Bíonn na litreacha *e* níos cosúla le *o* i gcónaí sa BSD (Stowe Ms G VI 2 san RIA).

hearráideach i gcás na bhfoirmeacha *Balinagarvie* (12), *Ballingarvy* (14) - (17) mar a pléadh thuas. Is léir gur fhorbair an logainm ón struchtúr BAILE + MAC + AINM PEARSANTA, agus is cosúil gurb é GARBHITH an t-ainm pearsanta sin agus is Baile Mhic Gairbhe (30) an leagan Gaeilge a cuireadh air sa 19ú haois.⁷

Is logainm eisceachtúil é *Ballymagarvey*, mar níl ann ach é féin agus logainm amháin eile i measc logainmneacha uile Dhamh Liag Íochtarach, a scríobhadh i dtéacsanna de chuid na 13ú haoise, a bhfuil BALLY i riocht traslitríthe an Bhéarla iontu. Tá an chuma ar *Ballymagarvey* mar sin, gur áit lonnaithe Gaelach a bhí ansin ó thús a ainmnithe, seachas áit a bhunaigh na Normannaigh, cé gurb iad na Normannaigh a chéadtháifead *Ballymagarvey*. Mar thacú breise ar an léirléamh seo, feictear go bhfuil an t-ainm *Gairbhith*, a fheidhmíonn mar thrú eilimint an logainm, le fáil sna hAnnála ón 9ú haois i leith, mar ainm pearsanta ar thaoisigh agus ar ríthe Gaelacha, agus tá triúr *Ghairbhith* sna hAnnála, mar atá luaite in **5** (*Maolgharbh mac Gairbith*), **8**. (*Gairbhith, mac Maileitigh*) agus **9** (*Gairbhith, mac Muireadhaigh*) san fho-nóta thíos, a bhain le Contae na Mí, a mhair roimh an 13ú haois, a d'fhéadfadh a bheith mar bhunús tríú heilimint *Ballymagarvey*, chomh maith leis an easpag *Garbhan* atá luaite in **11** san fho-nóta.⁸

⁷ Luaitear logainm an-chosúil le *Ballymagarvey* i bhfoinse *Bollandist*, an *Codex Salmanticensis* (a scríobhadh sa 17ú haois). Is é sin *Baile mecc garbe* (Breatnach 2005:309). Cuireadh an *Codex Salmanticensis* le chéile sa 13ú haois, agus deir Hogan 1910 go raibh ainmneacha na naomh sa téacs sin 'sean' agus 'iontaofa' (xii) - an *Garbe* thuasluaite san áireamh, ní foláir. Deir Breatnach: 'It would seem that... the orthographical features of Irish proper names in S [= *Codex Salmanticensis*] are a clue to the date and provenance of the actual manuscript and not evidence for the nature of an exemplar used in its compilation. This does not mean ... that the Lives of saints in S do not ultimately derive from a much earlier source' (2005:101).

Tá taifead le fáil ar mhainistir a bhunaigh *Garbe* i gContae an Chábháin, féach <http://monasticon.celt.dias.ie/showrecord.php?id=2145> agus luaitear an baile fearainn *Kilnagarbet*?*Coill na gCarpat, i ndeosis *Kilmore* i bparóiste *Larah*/ *Leathrátha i mbarúntacht *Tullygarvey*/ *Theallach *Ghairbhith* leis an n*Garbe* seo ar an suíomh idirlín thuasluaite, cé gur nasc Hogan *Baile mecc garbe* le *Louis filli Garbe* nó le ?*Ait maicc Garbe* atá i gCúige Mumhan (*op cit*). (Is as *logainm.ie* 2009 a frítheadh na leaganacha logainmneacha Gaeilge neamhdheimhnithe san alt seo).

⁸ Tá aon duine déag den ainm *Gairbheath*/ *Garfid*/ *Garfith*/ *Garbsith*/ *Gairbhith*/ *Garbshith* luaite in ARÉ agus in AU idir na blianta 848 agus 1003, agus breathnófar anseo thíos orthu sin in ord croineolaíoch, d'fhonn teacht ar *Ghairbhith* na Mí:

1. AD 848 *Gairbheath, mac Maoilbrighde* (848 ARÉ i:478), AD 849 *Garfid filio Maelbrigtae*, (AU i:356-8), AD 877 *Garfith mac Maolbrigte, rex Conaille* (877 AU i:392)

Ba é sin tiarna *Chonaille-Muirheimhne*, agus dícheannaíodh sa bhliain 875 é (ARÉ i:522), nó sa bhliain 877 (AU i:392). Bheadh *Conaille-Muirheimhne* i gContae Lú anois (ARÉ i 875:522, fonóta z).

2. AD 881 *Gairbhith, mac Artuir, tánaisi Iarthair Liphe* (881 ARÉ i:530). Bhain seisean le Contae Chill Dara (*ibid*, fonóta u).

Is i gcomhthéacs a mhic a luaitear an tríú agus an ceathrú *Gairbhith*:

3. AD 882 *Anfith mac Gairbith* (882 AU i:400).

Is doiligh a dhéanamh amach cén áit lenar bhain an fear seo.

Má bhreathnaítear ar fhianaise úsáid na n-eilimintí VILLA, BAILE agus TOWN i dtréimhse na 13ú agus na 14ú haoise i nDamh Liag Íochtarach, feictear gur mar VILLA atá naoi gcinn de logainmneacha Dhamh Liag Íochtarach taifeadta ag na coilínigh sna haoiseanna sin, féach Caibidil 3, 7.1. Is go TOWN a athraíodh an eilimint VILLA iontusan i ndiaidh na tréimhse úd, ach BAILE a bhí in *Ballymagarvey* agus in *Ballymad* ón 13ú haois i leith; mar sin ní dócha gur foirm luath de *Ballymagarvey* a d'fhéadfadh a bheith sa logainm *villa Magerci* (1). Tharlódh mar sin, nach raibh baint ná páirt ag na Normannaigh in ainmniú *Baile mac Ghairbhith/ *Ballymagarvey*, mar gur baile seanbhunaithe Gaelach a bhí ann cheana féin. Is cosúil, dá bhrí sin, gur logainm dúchasach atá in *Ballymagarvey*. Luaitear na heilimintí *Baile Mic* -, *Baile Uí Mhaoil*-, *Baile na gC*-, agus *Baile Meig*- in FSÁG 2005, ach ní luaitear *Baile mecc garbe* san fhoinse sin, ná níl aon trácht ar leagan Gaeilge de *Ballymagarvey*.

-
4. AD 893 *Maolagrai, mac Gairbhith, tighearna na n-Airthear* [= Oirthear] (893 ARÉ i:550). D'fhéadfadh sé gur bhain *Amhalghaidh mac Eachdach* a mharaigh *Maol Agrai mac Gairbhith* le Cúige Mumhan.
5. AD 894 *Gairbhith, mac Muireccáin, tighearna Derlais* (894 ARÉ i:552). Tá ceithre *derlus* luaite in Onom Goed (343). AD 894 [arís]: luaitear dhá mhac Gairbhith i. *Mac Eitigh & Maol Moghna* a maraíodh ar *Conaille la hUibh Eathach* (894 ARÉ i:552). (Dún Eathach = ? Dún Eachdach/ *Duneight* ar an Lagáin gar do Lios na gCearrbhach/ *Lisburn* i gContae an Dúin). Luaitear tiarna Dearlais eile faoin mbliain AD 931 .i. *Maolgharbh mac Gairbith, tighearna Dearluis* i gcomhthéacs catha a troideadh ar Magh Uatha in oirthear na Mí (931 ARÉ ii:626-628). Luaitear ceathrar *Gairbhith* eile sa 10ú haois:
6. AD 908 *Conghalach, mac Gairbhith, tighearna Conaille Muirtheimhne*. Bhain sé le Contae Lú. D'fhéadfadh sé gur deartháir leis an mbeirt a maraíodh sa bhliain 894 thuasluaite atá sa *Conghalach mac Gairbhith* seo. Is cosúil gur arg seisean an chéad *Ghairbhith* eile ar an liosta .i.
7. AD 908 *Gairbhith, mac Maoilmórdha, tanaisi Conaille Muirtheimhne* (908 ARÉ ii:578). Tá *Droim an Easclainn* agus *Conaille Muirtheimhne* luaite san iontráil seo. Glacaim leis mar sin, gurb é *Droma Inasclainn* (gin.) i gContae Lú an áit atá luaite sa tagairt seo. De réir annála eile, is é an chaoi ar dódh a phroinnteach, féach: 'Muirédhach mac Cormaic princeps Droma Inasclainn, 7 ridomna Conailli .i. Gairbith mac Maoilmorda do orcain fri daighidh i prainntigh Droma inasclainn' (911 AU i:424). Is áit é *Druim Inasclaind* atá luaite i seanchas na Críostaíochta ón tús (Stokes1887:76).
8. AD 935 *Gairbhith, mac Maileitigh, tighearna Fear Rois* (935 ARÉ ii :632) *Garbshith (sic) mac Maeleitigh, rex fer Roiss*. Tá cuid d'Fhir Rois i gContae na Mí, cuid eile de i gContae Lú agus cuid eile i gContae Mhuineacháin (Misc Ir Ann:207).
9. AD 945 *Gairbhith, mac Muireadhaigh, tanaisi Ua cCremhthainn* (ARÉ ii: 658)/ 946 *Gairbith mac Muiredhaigh riddomna .h. Cremhtain* (AU i:466). Bhain seisean leis an gcine *Ua cCremhthainn*. Bhí *Cremhthann* ina rí ar Laighin sa 5ú haois. Is cosúil gur maraíodh an *Gairbhith mac Muireadhaigh* seo ag Sláine, trasna na Bóinne ó Dhamh Liag Íochtarach. Tagraítear do *Gairbhith* amháin san 11 haois. Is é sin:
10. AD 1003 *Gairbhith tighearna Ua nEathach* (ARÉ ii:750), (féach *Dún Eathach* agus *Uibh Eathach* (5 thuas). Cailleadh an *Gairbhith* seo i gcath *Craoibhe tulcha*, Contae Aontroma (*ibid*).
11. Tá tagairtí do dhá naomh den ainm *Garbhan easbacc m Aongosa m Ardghoil m Conaill cremhthainn m Néill naoighiallaig (sic)* (GRSH 55:11) agus *Garbhan Cluana Seanbó* (GRSH 89:42) le fáil freisin. Más sliocht *Néill naoighiallaigh* a bhí sa chéad *Garbhan* (an t-easpag), bhain sé le Contae na Mí (AD 428 ARÉ i:128, fonóta z). Is i gContae Chill Dara atá Cluain Seanbó/ *Clonshanbo (logainm.ie)* lenar bhain an dara *Garbhan*.

[2] BURTONSTOWN

Logainm Béarla atá anseo, nasctha le s + Town, de réir nós na gcoilíneach in Éirinn

?* **An Baile** (Seo ciall an logainm, má chaithfear é a ghaelú, **2014**)

1)	1306	de villa Britone	13 Tax. D. M.CDI 1302-1307:253
2)	1306	de villa Brucon	<i>ibid</i> :263
3)	1455	Birtoneston iuxt Ballmagarvy	SRPI Hen VI: 328 (Fraincis)
4)	1455	Birtoneston iuxt Ballmagarvy	<i>ibid</i> : 332 (Fraincis)
5)	1530	Byrtowneston Galvey	H VIII 53/94 CI 1991, 30
6)	1556	Byrtonston Galwey	P & M 6/31 <i>ibid</i> :145
7)	1596	Birtonstongalway	Eliz. 232/155 <i>ibid</i> :304
8)	1621	Burtonston-Galvey	Jac I:51 Inq Lag
9)	1654-56	Birtanstowne	CS:37, 38, 48
10)	1655-9	Birtstowne (Ballingarvy EM)	Is BN Goblet:110
11)	1657	Birtonstown 4 Birtonstown	DS Innéacs DS Is: The Parrishes of Ballingarvy and Killmoone by Tho ^s West and Edw ^d Wilson. An Exact copy by Dan ^l O Brien Surv ^r
12)	1659	Burtons towne	Census:480
13)	c1668	Britonstowne 13 Britonstowne	BSD Index <i>ibid</i> 13, 1663 sa téacs
14)	c1672	Brittstown (Ballingarvy EM)	Is HD Goblet:110
15)	1812	Burtonstown	Co. Map 1812:AL <i>logainm.ie</i>
16)	1824	Burtonstown	BS:AL <i>logainm.ie</i>
17)	1824	Burtonstown	HCSV:AL
18)	1830-40	Burtonstown	JOD:AL <i>logainm.ie</i>
19)	1836	Baile bhirt‘Birton or Burton is a family name’	pl:AL <i>logainm.ie</i>
20)	2014	' burtunṣ t̄aun	OD:AL TT <i>logainm.ie</i> fogharscríobh, Paul Kerby

Is i bparóiste *Ballymagarvey* i mbarúntacht Dhamh Liag, Chontae na Mí, atá an baile fearainn *Burtonstown*. Is cosúil go bhfuil dhá mhír *Burton-* agus *-town* ann, agus iad nasctha le *s* sealbhach an Bhéarla. Is mar shloinne a bhaintear leas as an eilimint BURTON sa logainm *Burtonstown* i bparóiste *Ballymagarvey*.⁹

Is iad *villa Britone* (1) agus *villa Brucon* (2) a taifeadadh sa bhliain 1306 na chéad tagairtí stairiúla Laidine a frítheadh don staidéar seo. Is léir go bhfuil meititéis déanta iontu - tá *Bri-* (1), *Bru-* (2) scríofa in áit *Bir-/ Bur-*.¹⁰ Léiríonn *Britonstowne* (10) agus *Brittst[towne]* (11) meititéis sa chéad siolla freisin. Is cosúil gur botún é an *-c* ag deireadh *Bruc-* (2), san áit ar cheart do *-t* a bheith; b'fhurasta *-c* agus *-t* a mheascadh.¹¹ Feictear go bhfuil an eilimint TON/ TOWN go soiléir faoi dhó i bhfoirmeacha Béarla an logainm.

Is é *Byrtowneston Galvey* 1530 AD (5) an chéad leagan Béarla a aimsíodh don staidéar seo, foirm ina bhfuil an struchtúr *Byr- + town + es + ton* ann, agus *Galvey* mar eilimint bhreise sa logainm. Tá dhá leagan eile den logainm le fáil sa 16ú haois, a bhfuil *Galwey/ Galway* iontu, féach *Byrtonston Galwey* (6) agus *Birtonstongalway* (7) ina bhfeidhmíonn *Galwey/ galway* mar cháilitheoir breise, bíodh is go bhfuil an eilimint *Galwey* scartha ón gcuid eile den logainm in (6), nó go bhfuil sé léirithe mar aon aonad amháin in (7). Is léir, faoin 15ú haois, go bhfuil áit *villa* (1), (2) tógtha ag *ton*, agus gur *ton* a bhí sa logainm go dtí an chéad cheathrú den 17ú haois, féach (3) - (8). Is TOWN[E] a fheictear ina dhiaidh sin. Níl a fhios againn ar leaganacha scríofa amháin a bhí sna foirmeacha Laidine a bhfuil VILLA iontu .i. *villa Britone/ Brucon recte Bruton* (1), (2), nó ar baineadh leas astu sin riamh i gceachtar den dá phobal a bhí ina gcónaí san áit, ach deir Stanihurst a mhair sa 16ú haois:

The Irish speak Latin like a vulgar language, learned in
their common schools of Leechcraft and Law (Curtis 1919:245).

⁹ Tá an eilimint BURTON le fáil i logainmneacha Shasana (Ekwall 1935:73-74) agus deir Hanks & Hodges gur sloinne áitribh é atá coitianta i dTuaisceart agus i lár Shasana (1988:85). Is ón Sean-Bhéarla *Burh* 'fort' + *tún* 'enclosure' a díorthaíodh *Burton* (*ibid*). Deir MacLysaght 'This well known English toponymic is, in Ireland, mainly associated with Co. Cork' ([1957] 1985:31). Deir Woulfe gur tháinig an sloinne go hÉirinn ag amanna éagsúla sa 13ú haois (1923:252).

¹⁰ Tagraítear do dhaoine le leaganacha an tsloinne, a thosaigh le *Bir-/ Bur-* níos deireanaí sa 14ú haois agus go luath sa 15ú haois; luaitear *Richard Birton* sa bhliain 1371 (CGR 34, f. 30) agus *William Birton* AD 1386 (*ibid*) i gcomhthéacs *Quitclaim*. Féach freisin *Ricardus de Burton* i gcomhthéacs *Villa de Rathbegan*: 'Ricardus de Burton habet ibidem xx [os cionn] viij [= 160] acras terre, de quolibet anno seminantur xx [os cionn] iiij acre. Inde decima ix acre et j quarterium' [= 9 ¼] (ICL:186I, cf. aistriúchán AH:2008:384).

¹¹ D'fhéadfadh sé gur chualthas an fhóinéim [k] in áit [t], nach bhfuil eatarthu ach pointe urlabhraíochta éagsúil de réir *Feature Theory* (Trubetzkoy 1936:5-8).

Aimsíodh sampla amháin den leagan *Burtonston-Galvey* (8) sa 17ú haois, i gcáipéis Laidine, ach is cosúil go raibh an eilimint *Galvey/ Galwey/ Galway* ligthe i léig faoi lár na haoise sin.

Maidir leis na samplaí *Birt* (3), (4), (7), (9), (10), (11), *Byrt-* (5), (6) agus *Burt-* (8), (12), (13) - (18), bhíodh na litreacha *i* agus *y* ina saormharlartaithe san ortagrafaíocht. Ansin d'athraigh /i/ an Mheán-Bhéarla go /ə/ roimh /r/ c1600 i bhforbairt fhóineolaíoch a bhain leis an mBéarla (Dobson 1968:750 §213 (j)). Léiríodh an t-athrú sin leis an ortagrafaíocht nua *Bur-*, féach *Burt-* (8), (12) a scríobhadh sna blianta 1621 agus 1659, ach scríobhadh samplaí le *i* sa 17ú haois freisin, féach *Bir-* (9), (10), (11).¹² Ní bheadh sé neamhghnách go mbeadh an dá chóras i bhfeidhm ag an am céanna i dtréimhse an athraithe, ná go ndeachaigh an t-athrú i bhfeidhm i measc Bhéarlóirí na hÉireann níos deireanaí ná mar a tharla i Sasana. Níor aimsíodh aon sampla den logainm san 18ú haois, ach is léir go raibh an fhorbairt tugtha chun críche faoin 19ú haois, féach *Bur-* (15) - (18).

D'fheidhmigh *Burton* mar shloinne sa 14ú haois in Éirinn (cf. fonóta 10 thuas), ach is *Baile Bhirt* (19) a scríobhadh i bpeann luaidhe san AL sa bhliain 1836.¹³

Ós rud é go mínítear *Burh* 'fort', *tūn* 'enclosure' agus *villa/ ton* 'town' (*passim*), an bhfeilfeadh *An Baile mar aistriúchán seimeantach ar *Burtonstown*? Ar ndóigh, ní féidir a rá

- (i) céard a thugtaí ar an áit sular breacadh an leagan *villa Britone/ Brucon* (1), (2) i gcáipéisí oifigiúla na Normannach ag tús na 14ú haoise,
- (ii) cén gnás a chleacht an 1% den phobal a raibh Gaeilge acu i nDamh Liag Íochtarach nuair a bhí lucht na SO ag obair ar logainmneacha an cheantair (cf. an Réamhrá) maidir le húsáid an leagain *Baile Bhirt* (18).

¹² Bheadh *Briton* (13) agus *Britt-* (14) ar a bhfuil meititéis le sonrú iontu, áirithe leis an tacar seo. Tá siolla teascaithe de shampla (14) freisin.

¹³ Deir Pádraig Ó Cearbhaill, Oifig na Logainmneacha go dtugann na leaganacha peann luaidhe ar na hAL le fios go bhfuair an scríobhaí an leagan sin ó Ghaeilgeoir ag am a scríofa (an t-eolas seo uaidh i gcomhrá pearsanta 2010).

[3], [59] **BALLYMAD** (ainm Gaeilge le deimhniú *logainm.ie*)

***Baile Mhada** (moladh an taighdeora 2014)

- | | | | |
|-----|------------------|---|---|
| 1) | 1221 | Ballimad | XXXVI Carta Iacobi apostolic sedis legati de omnibus ecclesiis in Hibernia ICL:40 |
| 2) | 1408 | Balymad | Extenta omnium possessionum ... <i>ibid</i> :181 |
| 3) | 1413 | Ballymadde | Rot Pat 201, 106 Hen IV 14 |
| 4) | 1540-1 | Ballymad | Possessiones ad nuper prioratum de Lanthony in Anglia pertinentes <i>Comitatus Midie</i> CSL 1540-1:34 |
| 5) | 1540-41 | Ballymede | IMP:315 Lands belonging to the Grange of Dueleke II li 3s 6d |
| 6) | idir 1547 & 1553 | Ballymade | Inq. Hen.VIII Navan (Brodigan):AL [luaite faoi dhó in TT <i>logainm.ie</i> 2013, féach Mí020.14 agus Mí020.32] |
| 7) | 1619 | Ballymadd
Ballemadd | Jac I:36 Inq Lag |
| 8) | 1631 | Ballymad | Car I 74 <i>ibid</i> |
| 9) | 164[] | Ballymad | Car I 163 <i>ibid</i> |
| 10) | 164[] | Ballymad | Car I 163 <i>ibid</i> |
| 11) | 1654 | Ballimade X 5 | CS: 3, 4 [X 2], 5, 48. |
| 12) | ?1657 | Ballymade 6
Ballimade
Ballymade
Ballimade 10 | DS: An Index of Townes Names with the pages where to find them
The Parrish of Colpe ... contains ... townlands Ballimade ...
The total of forfeited lands is ... Ballymade ...
DS Is The Parrishes of Killcarvan Colpe & Julianstown by W ^m Farrand. An exact copy by Dan. ¹ O'Brien Surv ^r [Féach freisin AL:47] |
| 13) | c1668 | Ballymad 17
Ballymade | BSD Index
<i>ibid</i> 13, 1663, 1666, 1667, 1668 sa téacs |
| 14) | idir 1660 & 1685 | [Ballymadden] ¹⁴ | Inq. C.II (Brodigan):AL [TT <i>logainm.ie</i> 2013] |
| 15) | [i ndiaidh | Ballymade ¹⁵ | ASE (Brodigan):AL |

¹⁴ Seans go mbaineann an fhoirm seo le *Ballymadun*, baile fearainn eile atá i bparóiste *Ballymadun*, i mbarúntacht Bhaile an Ridire Thiar i mBÁC (*logainm.ie* ceadaithe Meán Fomhair 2014).

¹⁵ 'From copy ... [Brodigan] ... taken from the book of forfeitures & confirmed by the Act of Settlement of 1662 or 12th Charles 2nd [1660-1685]' (AL:46). Tá an dáta 1836 luaite leis ar TT *logainm.ie* 2013. Fear gnó a bhí in *Thomas Brodigan* - mac leis an gceannaí *Frances Brodigan*, a rugadh sa bhliain 1760. Sna

	1662]		
16)	1672	Ballimade	Is HD Goblet 82
17)	?1697 ¹⁶	Ballymade	Quit Rents (Old Copy): AL [TT <i>logainm.ie</i> 2013]
18)	1786	Ballymad	Archdall Mon Hib:528 ¹⁷ (White)
19)	1787	Ballymad	Long Map 1787 (Sheppard):AL
20)	c1830	Balemad	BS:AL [TT <i>logainm.ie</i> 2013] <i>Mí020.14</i>
21)	1824	Balemad part	HCSV:AL [TT <i>logainm.ie</i> 2013] <i>Mí020.14</i>
22)	1824	Balemad	HCSV:AL [TT <i>logainm.ie</i> 2013] <i>Mí020.32</i>
		[Colp ph]	
23)	c 1830	Ballymad	TCB:AL [= TAB TT <i>logainm.ie</i> 2013
		Ballymad	<i>Mí020.14</i> agus <i>Mí020.32</i>]
24)	idir 1803	Balemad	GJ Rates (Old Docket): AL
	agus 1898	Balemad	[TT <i>logainm.ie</i> 2013 <i>Mí020.14</i> agus <i>Mí020.32</i>]
25)	1830-40	Ballymad	JOD:AL [TT <i>logainm.ie</i> 2013 <i>Mí020.32</i>]
26)	1838	Baile Mhad	OD:AL [TT <i>logainm.ie</i> 2013 <i>Mí020.14</i>]
		‘Madde’s town’	
27)	1838	Baile mhad	pl:AL TT <i>logainm.ie</i>
28)	1835/6	Ballymad	Is SO
	revised 1899		
29)	2014	'bal ə'mad (<i>sic</i>)	fogharscríobh, Paul Kerby

Is sna paróistí *Colp* agus *Julianstown* i mbarúntacht Dhamh Liag Íochtarach i gContae na Mí atá an baile fearainn *Ballymad*. Is cosúil gur logainm dhá mhíre é, *Bally-* + *-mad*.

Tá leaganacha stairiúla an logainm le fáil i gcáipéisí Laidne agus Béarla agus litrithe éagsúla ar an gcéad mhír orthu, féach *Balli-* sa 13ú haois (1) agus sa 17ú haois (11), (12), (16), *Bal[l]y-* sa 15ú haois (2), (3) agus *Bally-* sa 16ú, sa 17ú, san 18ú agus sa 19ú haois (4) - (9), (12), (14), (15), (17) - (19), (23), (25), (28). Faightear *Balle* sa 17ú haois freisin (7), chomh maith le *Bale-* sa 19ú haois (20) - (22), (24). Is í *Bally-* an fhoirm is coitianta, agus sheas sí go dtí an lá inniu. Más ón eilimint Ghaeilge BAILE a

1820í bhí luach £6,000 de thalamh Chontae na Mí ag an mbeirt acu. (D’oibrigh *Francis* chun na Caitlicigh a fhuascailt agus bhunaigh seisean agus *Nicholas Whitworth* an Cumann Measarthachta i nDroichead Átha sa bhliain 1829. Cailleadh *Francis* in 1829.) Bhí feirm tobaic, 300 acra, ag *Thomas Brodigan* agus bhí sé ag iarraidh go dtógfaí iarnród idir Baile Átha Cliath agus Droichead Átha, le go gcuirfí fostaíocht ar fáil, nuair a theip ar thionscnaimh na línéadaí i mBaile Brigín agus i nDroichead Átha. Rinneadh sin. Caitheadh 6 bliana le tógáil an iarnróid. Thóg *Thomas Brodigan Pilltown House* sa bhliain 1833. (Downey:gan dáta, c 2000:126-127). Féach freisin an Réamhrá.

¹⁶ Arbh í seo an bhliain a reachtaíodh an *Quit rent act*?

¹⁷ ‘Tithe ... one [couple] of corn.’ Féach freisin: Archdall Mon. Hib. (King):AL (*recte* White) atá ar an suíomh idirlín TT *logainm.ie* 2013.

tháinig na leaganacha éagsúla thuasluaite, bheifí ag súil le hainmfhocal, le haidiacht nó le sloinne Gaelach sa cháilitheoir *-mad[d]* (1), (2), (4), (7) - (10), (18) - (25), (28), (29), *-madde* (3), *-mede* (5), *-made* (6), (11), (12), (15) - (17). Cé go bhfuil an fhoirm *Ballymadden* (14) luaite i measc na bhfoirmeacha stairiúla a bailíodh don staidéar seo, agus an chosúlacht uirthi gurb í an sloinne *Madden* atá sa cháilitheoir, ós rud é nach bhfuil aon rian den deireadh *-en#* ar aon cheann eile de na foirmeacha eile a bailíodh, is dócha gur foirm earráideach a bailíodh sa 19ú haois atá intisean - fágadh sa Tábla 1, mar go bhfuil sí luaite ar shuíomh na SO *logainm.ie* 2013. Tá sé níos dóchúla gur foirm de *Ballymadun*, baile fearainn agus paróiste i mbarúntacht Bhaile an Ridire Thiar, BÁC atá i gceist leis an bhfoirm úd. Ar ndóigh, níor bhain an sloinne *Madden* le Contae na Mí ar aon chaoi (Woulfe 1923:593)¹⁸ agus dá bhrí sin, ní dócha go bhfuil leagan den sloinne *Madden* i gcáilitheoir *Ballymad*.

Breacadh *Baile Mhad* (26), ‘*Madde’s town*’ agus *Baile mhad* (27) i bpeann luaidhe san AL. Luadh cheana gur bailíodh leagananacha a scríobhadh i bpeann luaidhe sna hAinmleabhair ó dhuine sa cheantar a raibh Gaeilge aige agus Ó Donnabháin, O’Conor agus O’Keefe ag fiosrú logainmneacha sa 19ú haois. Níl aon tagairt do *Ballymad* in OSL, ná trácht ar aon duine áitiúil i *mBallymad* a raibh Gaeilge aige san fhoinsé sin, ámh.

Ar chuma ar bith, más BAILE príomheilimint an logainm, d’fheilfeadh ceann de dhá struchtúr Gaeilge dó: BAILE + AINMFHOCAL (gin), bíodh an t-ainmfhocal sin ina ainmfhocal pearsanta nó ina ainmfhocal dílis, nó AINMFHOCAL (tuiseal ainm.) + AIDIACHT.

Níor thángthas ar aon aidiacht fheiliúnach a d’fhreagródh don eilimint *mad[d]/made*, mar sin díreoimid aird ar fhoirmeacha an cháilitheora ar mhaithe le hAinmfhocal feiliúnach a aimsiú. Tugtar faoi deara go bhfuil (i) an fhoirm aonsiollach *-mad[d]* ann, agus (ii) go bhfuil foirm ann a d’fhéadfadh a bheith déshiollach *-made*.

Maidir le (i), is léir ó na foirmeacha a scríobhadh sa 19ú haois go raibh an tuairim ann go mb’fhéidir gur leagan den ainm pearsanta *Maud[e]* atá mar cháilitheoir *Ballymad*. Cuireadh an ghluais ‘*Madde’s Town*’ (i.e. **Maude’s Town*) le *Baile Mhad* (26).¹⁹ Níl aon *Mathilde* nó *Mathaut* nó *Matilda* nó *Maud* luaite in CDI 1171-1251,

¹⁸ ‘Ó Madáin *O Maddane, O Madden, older form* Ó Madadháin, ...Name of distinguished branch of Ui Maine in Co. Galway, who derive their descent from Madadhán (slain in 1008) ... son of Gadhra Mór chief of Ui Maine from 1014 to 1027’ (Woulfe 1923:593). Féach freisin: ‘One English family in Kildare gave name to Maddenton’ (MacLysaght [1957] 1985:123).

¹⁹ Tá Mulally den tuairim gur baistíodh *Maud* ar iníon le Robert de Quency sa bhliain ?1173 ach ní luaitear a hainm in *La Geste* (Mulally 2002: 125, 170 cf. línte 2817- 2822, 2828 - 2842 agus 2833- 2842).

ámh. Ní raibh na Normannaigh fiú tagtha go hÉirinn nuair a bhí an bhanríon *Matilda* †1152 (a bhí pósta ar an rí Stiofán) cailte (*ibid*). Cé go raibh *Mathilde ou Mahaut l'emperesse* †1167, máthair Anraí II, a bhí pósta ar *Geoffrey d'Anjou* (Expugnatio 1978:346.415) ina banríon ar Shasana ar feadh ocht mí sa bhliain 1141, níl trácht ar *Ballymad* go dtí an bhliain 1221 (1), agus bhí an bheirt *Matilda/ Mathilde* cailte le 54 bliain nó le 69 bliain faoi seach, faoin am sin. Chomh maith leis sin, ba é nós na Normannach leas a bhaint as an struchtúr VILLA + AINM nó as AINM + ES+ TON sa 13ú haois, ach ní tharlaíonn sé seo i gcás *Ballymad*. Fiú má bhí na Normannaigh ag iarraidh baile a ainmniú i ndiaidh *Matilda* éigin, cén fáth nár bhaineadar leas as an struchtúr VILLA + AINM (.i. **Villa Maud*) nó as AINM + ES+ TON (.i. **Maude's Toun*) mar a rinneadar le sé cinn de logainmneacha eile (a phléifear sa tráchtas seo) a bhfuil fianaise le fáil orthu den chéad uair sa 13ú agus sa 14ú haois?²⁰

Níl fianaise ar struchtúr logainmneacha den déanamh BAILE + AINMFHOCAL/ AINM le fáil sa 13ú haois, ach amháin i gcás an dá logainm *Ballymad* agus *Ballymagarvey* thuasluaite. Is iad sin an dá logainm a bhfuil BAILE iontu as naoi logainm a bhfuil VILLA/ TON/ TOUN iontu a bhfuil taifead orthu ón 13ú haois (féach Caibidil 3, 7.1 (i) - (vi), 7.2). Is léir ó cháipéisí na tréimhse (CDI, ICL *passim*) gur chloígh na Normannaigh le logainmneacha Gaeilge an cheantair (féach Caibidil 3, 5.3) agus níl fáth ar bith nach ndéanfaidís amhlaidh i gcás *Ballymad* agus *Ballymagarvey* a bhfuil an eilimint BALLY < BAILE iontu. Ar an údar sin uile, ní dócha gurb í an eilimint Bhéarla MAUD cáilitheoir an logainm *Ballymad*.²¹

Deir Ó Corráin agus Maguire gur aistriúchán ar an ainm pearsanta *Medb*, *Meadhbh*, *Meadhbha*, *Méabh* atá in *Maud* (1981:135). Ba dheacair glacadh leis gur fhág na Normannaigh an eilimint Ghaeilge BAILE gan aistriú sa logainm *Ballymad*

²⁰ Féach Caibidil 3, 7.1 agus 7.2.

²¹ Seo a leanas a bhfuil le fáil d'fhianaise ar dhaoine darbh ainm *Maud*: Bhí duine de shliocht na Normannach ann - garíníon le *Walter de Lacy* (†1241), darbh ainm *Maud de Genville* a rugadh sa bhliain 1228 (CDI 1285-1292:233, 503) agus a cailleadh sa bhliain 1302, [nó b'fhéidir 1230 - 1304] (Brady 1961:40). Cláraíodh an logainm *Ballymad* sa bhliain 1221 den chéad uair, (1), seacht mbliana sula raibh sise fiú tagtha ar an saol. Ní dócha, mar sin, go raibh tionchar ag a hainm siúd ar cháilitheoir *Ballymad*.

Bhí *Maud* amháin eile ann, iníon le *Roesia de Verdon* († c 1247) garíníon le *Bertram de Verdon* (†1192). Níl aon taifead dá breithlá ná de lá a báis ann, ach rugadh deartháir léi c1226 agus cailleadh eisean roimh 1274 (Otway-Ruthven A.J. 1968 A:445). Ní féidir a hainm a nascadh go cinnte leis an gcáilitheoir, ámh, agus tugtar malairt léirléamh ar bhunús an cháilitheoir thuas.

Cé go bhfuil fianaise ar fhoirmeacha stairiúla an tsloinne *Maud[e]* le fáil i Sasana ón 12ú haois i leith (Reaney & Wilson 1958:235), níor tháinig daoine den sloinne sin go hÉirinn go dtí an 17ú haois - frítheadh tagairt do *Robert Maud* deontáí sa BSD (c 1652) i gcomhthéacs talaimh in *Calestown* a forgéilleadh sa 17ú haois (Weymes 2011:40,42) - i bhfad ródheireanach le go mbeadh tionchar aigesean ar ainmniú *Ballymad*. Níl éinne den sloinne *Maude* i gContae na Mí de réir an leabhar teileafóin chomhaimseartha agus ní raibh ach ceithre shampla ag faisnéiseoir uimhreacha teileafóin don tír ar fad.

agus gur aistríodar an t-ainm pearsanta Gaeilge; mar sin ní dócha gur aistriúchán ar *Medb* srl atá i gcáilitheoir *Ballymad*.

Tharlódh gurb é an t-ainm pearsanta *Mada* atá i gcáilitheoir *Ballymad*. Tá an t-ainm *Mada* cláraithe ag Mac Fhirbhisigh a deir gur mac le Naoi a bhí in Iafeth, agus gurb eisean athair:

Goimer, Magog, Thiras, Iauan, Masoch, **Madai**, accus Tubal.
(Ó Muraíle 2003, iii:330, 1005.3).

Míníonn Ó Muraíle gur

Réamhghaoidhil [R] (Pre-Celtic groupings - Fir Bholg,
Fomhóraigh, Clanna Neimheidh, Muintir Pharthaláin, Tuatha Dé
Danann and various Athachthuatha (*ibid* v:xiii)

atá sna hainmneacha pearsanta a liostaíodh thuas. Is sa 16ú haois a chláraigh Mac Fhirbhisigh an t-eolas seo, agus an chosúlacht ar *Mada* (gin *Madai*) gur ainm fíorársa atá ann.

Is logainm eisceachtúil é *Ballymad* i bhfoinsí na gcoilíneach, mar cé gur luath sa 13ú haois a fhaightear an chéad taifead de, níl aon leagan den struchtúr VILLA + AINM ná fiú AINM + ES+ TON scríofa in aon cheann de na foinsí a ceadaíodh don tráchtas, mar atá i gcás logainmneacha eile a fhaightear sa 13ú haois den chéad uair. Ná níor aistríodh an eilimint BAILE go TOWN riamh, ach an oiread le *Ballymagarvey* [1], an t-aon logainm eile i nDamh Liag Íochtarach a bhfuil BAILE mar phríomheilimint aige. Is cosúil mar sin, gur áit seanlonnaithe Ghaelach a bhí i *mBallymad* ó thús a chláráithe, agus gur ghlac na Normannaigh leis an ainm mar a chualadar é agus iad ag taifead na foirme *Ballimad* sa bhliain 1221, féach Caibidil 3, 7.7.

Níl ach *Ballymad* amháin in Éirinn. Ní dócha go bhfuil *Maud* nó *Meadhbha* ag cáiliú BAILE ann. Is cosúil gurb é an t-ainm pearsanta *Mada* cáilitheoir *Ballymad* agus gur cailleadh an guta deiridh de *Mada* chun *Mad* a thabhairt.

[4] BETAGHSTOWN *Féach freisin* [9] LAYTOWN-BETTYSTOWNBaile an Bhiataigh (ainm deimhnithe *logainm.ie* 2013.)¹***Baile na mBiatach** nó ***Baile Bhiatach** (roghanna an taighdeora 2014)

1)	1400	Betaghston	Charter granting ...CGR 1916:141 f.183
2)	1408	Betaghston ²	CLXV Extenta omnium possessionum... ICL:181
3)	1540-1	Betaghton	IMP 1540-1:314
4)	1540-1	Betaghston	Possessiones ... de Lanthony CSL 1540-1, 34
5)	1624	? Betaghton ³ ? Betaghton	Jac I: 70 Inq Lag
6)	1631	? Beataghstowne	70 <i>ibid</i>
7)	1633	? Betaghton	Car I 82 <i>ibid</i>
8)	1635	? Betaghton	Car I 109 <i>ibid</i>
9)	idir 1547 & 1553	Betaghston	Inq. Hen. VIII Navan (Brodigan):AL
10)	idir 1547 & 1553	Betaghston	Inq. Hen. VIII (Archdall):AL
11)	idir 1603 & 1625	Gallangstown alias Betaghston	Grant J.I (Brodigan):AL [Féach Innéacs ARÉ]
12)	1654 -56	Betaghtowne Betaughtowne Betaghstowne	CS 3, 4, 6 (X 2), 48 4 4
13)	1657	Beataghstown	DS Is 13 ⁴ The Parrishes of Killcarvan Colpe & Julianstown by W ^m Farrand. An exact copy by Dan ¹ O Brien Surv ^r

¹ Is san uimhir uatha atá leagan deimhnithe Gaeilge an bhaile fearainn .i *Baile an Bhiataigh* (*logainm.ie*). Síltear, ámh, go mb'fhearr an cáilitheoir a bheith san uimhir iolra (gin) mar a phléifear ar ball.

² Aistrithe *Bettystown* in AH 2008:382.

³ Tá dhá *Betaghton* luaite sa cháipéis seo. Is deacair a bheith cinnte gur *Betaghton* i bparóiste Cholptha/Colp atá i gceist leo, féach: 'Gerald Weslie nup de Dengen, defunct'... seis etiam fuit de maner' de Marynerton al' Mornanton contin' 2 mes' & 120 acr' ter' & de capital' piscacon coiter vocat' "the lord's fieshe;" de vil' de Dunakerny contin' 3 mes', 140 acr' ter' & molendin' aquatic' *ibm* ... *Betaghton* & Oldton 40 acr' ... maner de Marnyerton al' Mornanton & Donakearney tenent r de Re; ... *pmiss* in Pilltston ... *pmiss* in Hurleston tenentr de Ric' Plunkett, ut de maner' suo de Kenlis; *pmiss* in *Betaghton* (*op cit*).

⁴ Léirítear na bailte fearainn ar an léarscáil le huimhir uaireanta - 13 sa chás seo. Ba iad *James Barnewell* agus *Velerian Weisly Ir. Papsts* [= Irish Papists] a bhí i *mBeataghstown* ag an am. Bhí 308:0:0 acra acu a bhí roinnte mar mhíntír, mar mhóinéir agus mar fhéarach de réir na léarscáile a bhfuil *Arr:Medd Past'* [= Arrable, Meadow, Pasture] marcáilte uirthi.

14)	1657	Betaghstown 6	DS An Index of Townes Names with the pages where to find them.
		Beataghstowne	The Parrish of Colpe ... contains ... tnlds ...
		Beataghstowne	The total of forfeited lands is...
15)	c1668	Betaghstowne 17	BSD Index
		Betaghstowne	<i>ibid</i> 17, 1663 sa téacs
16)	1659	Betagh Town	Census:481
17)	[? 1672]	Beataghstowne	ASE (Brodigan):AL ⁵ (TT <i>logainm.ie</i>)
18)	?1697	Betaghstowne	Quit Rents (Old Copy):AL
19)	[1786] ⁶	Ballangston <i>alias</i> Brelaghston	Archdall Mon. Hib. (King <i>recte</i> White):AL
20)	1787	Betaghstown Map	Map of Betaghstown belonging to Sheppard esqre date 1787, AL:37 OS/88/20
21)	1787	Betaghstown	Long Map (Sheppard):AL
22)	1812	?Bettystown	Co. Map 1812:AL
23)	1824	Batagstown	HCSV:AL
24)		Betaghstown	BS:AL
25)	[1836]	Betaghstown	Proprietor (Sheppard):AL
26)		Bataghstown	GJ Rates (Old Docket):AL
27)	1836	Betaghstown	JOD:AL ⁷
28)	1835/6 revised 1899	Betaghstown ⁸	Is SO
29)	1836	Baile Bhíataigh,	OD:AL ‘Betagh’s town’
30)		Baile bhíataigh	pl:AL
31)	1969	[<i>Féach</i> Bettystown - Baile an Bhiataigh]	AGBP:54
31)	2010	(i) 'be:takstəun (ii) 'be:tagstəun (iii) 'bi:tastəun	fogharscríobh (i), Paddy Lenihan (ii) Gerard McNeece (iii) Nicola Heaney

⁵ ‘From copy ... (Brodigan) ... taken from the book of forfeitures & confirmed by the Act Settlement of 1662 or 12th Charles 2nd [1660-1685] (AL 46), cf. an Réamhrá.

⁶ Níl an tagairt seo atá ar *logainm.ie* ceart. Níor aimsigh mé aon tagairt do *Betaghstown* in Archdall 1786, ach b’fhéidir gur scríobhadh #B- (*Ballangston*) in áit #G-, féach (20) thuas, agus *Brelaghston* in áit *Betaghston*.

⁷ ‘Betagh is a family name’ (OD TT *logainm.ie* 2009).

⁸ Tá *Bettystown* marcáilte, soir ó *Betaghstown* ar an gcósta.

Is i bparóiste Cholptha/ *Colp*, barúntacht Dhamh Liag Íochtarach i gContae na Mí atá an baile fearainn *Betaghstown*. Galdú ar an bhfocal *bíathad* is ea *Betagh*, a chomharthaíonn coincheap bunúsach i seanchóras sóisialta na nGael - aicme daoine a raibh sé de dhualgas orthu dámha ghrád na bhfhiltha a chothú, nó a *bhíathadh* agus na flatha ag taisteal.⁹ Faightear raidhse tagairtí don chleachtas seo sa litríocht dhúchasach,¹⁰ cleachtas atá forléirithe ag seanchaithe Gaelacha¹¹ agus ag staraithe araon.¹²

Bhí seanaicme na mBiatach imithe faoin 14ú haois (Brady 1961:43-4, fonóta 11), ach baineadh leas as *Betagh* mar shloinne ina dhiaidh sin, sloinne atá coitianta i gcónaí (MacLysaght 1960:30-1).¹³

Cé gur léir go raibh talamh curtha go leataobh sa seanchóras Gaelach le daoine a bhíathadh nó a bheathú, is í *Betaghston* AD 1400 (1) an chéad tagairt do logainm an bhaile fearainn a aimsíodh don staidéar seo, agus is é an struchtúr atá air ná BETAGH + S (mír shealbhach an Bhéarla) + TOWN. D'fhan *Betagh-* mar chéad-eilimint ó shin, féach (1) - (5), (7), (8), (9) - (12), (14) - (16), (20), (21), (24), (25), (27), (28), cé go bhfuil leaganacha eile de le fáil freisin: *Beatagh-* (6), (13), *Betaugh-* (12), *Betty-* (22), *Batag-* (23), *Batagh-* (26). Maidir le *Gallangstown alias Betaghstown* (11), d'fhéadfadh sé gur ainm é *Gallang-* a chomharthaíonn *Gaileanga*, treabhchas a bhain le Contae na Mí, a bhfuil go leor tagairtí dóibh le fáil sa seanchas dúchasach ón mbliain 845 i leith (845 ARÉ vii:62).¹⁴ D'fhéadfadh sé gurb iad siúd atá i gceist le *Ballang-* (23) freisin, ach go bhfuil botún peannaireachta ann agus #B- scríofa trí thimpiste in áit #G-. Is cosúil go bhfuil *Brelagh-* (23) scríofa go hearráideach agus go bhfuil meascán mearaí déanta den chéad eilimint.

Is díol suntais é go bhfuil consan coguasach na Gaeilge ag deireadh BETAGH < *biatach* in urlabhraíocht na ndaoine i gcónaí, féach (31): (i) 'be:takstəun (ii) 'be:tagstəun, cé go bhfuil sé ag dul i léig i measc na nglúnta óga, féach (iii) 'bi:tastəun, cé go bhfuil an consan athraithe ó chonsan chuimilteach go consan pléascach.

⁹ *bíathad* feeding, refection, of the obligatory provision of food (DIL)

¹⁰ Féach ETB (Greene 1975:27-44), SCMG (Binchy 1975:218), *Scéla Conchobair Maic Nessa* (Stokes 1910:26, §13), mar shampla. Tá liosta de 'Biatachs and Houses of Hospitality' le háireamh ag Conellan (1846:725).

¹¹ Féach *Bretha Crólige* (Binchy 1938 :18 § 22:1-77), agus CG (Binchy 1979:332, 378, 400), mar shampla.

¹² 'The Origin of the Betagh' (McNiocail 1966:292-7) agus Brady 1961. 'Anglo Norman Meath'.

¹³ Is ón 15ú a thagann an tagairt is luaithe don sloinne a aimsíodh sa staidéar seo: 1494 *Bettagh*, chomh maith le *Patrick Bettagh* agus *Nicholas Betagh* sa 16ú haois (Mulvany 1971:16). Faightear *Biatach* idir 1800 agus 1850 i litríocht na Gaeilge (Laoide 1914:142).

¹⁴ Tá tagairtí do na Gaileanga i gContae na Mí le fáil in ARÉ faoi na blianta AD 845, 1012, 1018, 1030, 1053, 1057, 1068, 1070, 1073, 1084, 1123, 1150 – lords of (*liosta de 21*). Féach freisin: *Gaileanga-Mora Morgallion* 809, 825 in Innéacs ARÉ (vii:62).

Baineadh leas as dhá leagan den mhír shealbhach: –s- (1), (3), (4), (6), (13), (15), (17), (18) (sampla amháin), (19), (21) - (31) agus as –es-, (2), (10). Níor léiríodh aon mhír shealbhach sna leaganacha (3), (5), (7), (8), (12). Is iad –ton/-towne/-town leaganacha na dara míre.

Maidir le leaganacha Gaeilge an logainm, tá tagairt do *Biataigh*¹⁵ in Ann Conn 1422 (Ó Murchadha 1994-5:6), ach bheinn in aimhreas gur ainm áite atá le tuiscint ón tagairt sin. Seo mar atá sa bhuntéacs:

Cocad mor etir h. Raigillig .i. Fedlim 7 Caill¹⁶ Mide 7 indsagid leis for Biatachaib 7 Gaill d’ergi do a taeb Cenansa 7 a madmagad leis 7 moran do marbad dib im Mac in Biataig 7 alii (1422 Ann Conn:464 §24).

Sílím go dtagraíonn *Biatachaib* sa bhuntéacs do dhaoine, nó fiú do shloinne, agus sílím go dtacaíonn an tagairt do *Mac in Biataig* sa téacs céanna leis an tuairim sin.

Tá tagairt do *Dúthaigh Biatach* le fáil i *gCín Lae Ó Mealláin* a scríobhadh i lár na 17ú haoise, mar a leanas:

’sdo báitheadh mór-chuid díbh san Abhainn Mhóir agus i Loch Cnuic a’ Chluithe ... Do marbhadh 13 marcaigh i nDúthaigh Biatach. ...cuidechta ...[ag] techt ó Loch Saoileionn ina dhiaidh in tslóigh ’sdo mharbhsat cúig marcach fichat díbh (Ó Donnchadha 1931: 37, 38).

Is deacair a bheith cinnte cé acu de na Dúichí Biatach atá i gceist ag Ó Mealláin sa sliocht thuas, ach caithfidh sé go raibh Dúichí Biatach éigin idir Loch Síleann i gContae an Chabháin agus an Abhainn Mhór i gContae Mhuineacháin.

Maidir leis na samplaí Gaeilge a chuir Ó Donnabháin ar fáil, is cosúil gur aistriúchán ar shloinne atá san eilimint *Bhíataigh/ bhíataigh* aige sna foirmeacha *Baile Bhíataigh/ bhíataigh* (29), (30) (gin uatha). Ar ndóigh, d’fheidhmigh *Bettaigh/ Betagh/ Biatach* mar shloinne ón 15ú haois i leith (féach fonóta 13 thuas) agus is ar an múnla BAILE + ALT + SLOINNE (sa tuiseal ginideach) a bunaíodh an leagan nua-aimseartha in 1969 - *Baile an Bhíataigh* (31).

An fearr an t-iolra (gin) a bheith ar an eilimint *Biatach* i leagan Gaeilge an logainm .i. *Baile Biatach ar nós an logainm *Dúthaigh Biatach* a scríobhadh i gCinn Lae Uí Mhealláin sa 17ú haois (*passim*), nó an fearr an t-alt a bheith sa struchtúr .i. *Baile na

¹⁵ Is sa tuiseal tabharthach iolra - *Biatachaib* a fhaightear é.

¹⁶ = ‘Gaill’.

mBiatach? Sílim gur fearrde BIATACH a bheith sa gin. iolra seachas sa ghinideach uatha mar atá sa sampla *Baile an Bhiataigh* (31).

Tá bailte fearainn eile a bhfuil *Betaghstown* orthu le fáil i gContae Chill Dara agus i gContae Lú. Tá péire eile le fáil i gContae na Mí - i bparóiste Bhaile Ráth Baoithín/*Balrathboyne* agus i bparóiste Ard Breacáin/*Ardraccan*, barúntacht na hUaimhe Íochtaraigh, chomh maith leis an *Betaghstown* a ndearnadh trácht air anseo. Is iad na foirmeacha ‘Baile Biatach or Baile na mBiatach’ agus ‘Baile Biatach’ (Lag 2 p. 37 [= ?] TS 2 *logainm.ie*) atá ar shamplaí scanáilte *Betaghstown*, Contae Lú.

[5] **BEY MORE** / *Béibeac Mór (ainm neamhdheimhnithe *logainm.ie* 2009)

[5] **BEY BEG** / *Béibeac Beag (ainm neamhdheimhnithe *logainm.ie* 2009)

***Cill Chiaráin** nó ***Baile Mhac Giolla Chiaráin** (roghanna an taighdeora **2014**)

- | | | | |
|-----|---------|---|---|
| 1) | 1224 | ... de Bello Becco
manerio nostro de
Kilkeran
Gilkeran | XLIII Conuencio inter abbatem et conuentum
de Bello Becco et domun Lanthonie prime super
minutis decimis. ICL:52 |
| 2) | 1235 | Beaubec
[de Bello Becco]
vill of Gillekeran | CDI 1171-1251:341, 2295 |
| 3) | 1235 | Beaubec (<i>margin</i> Bello
Becco in Hibernia)
Gillekeran | C ChR i, Hen. III 1226 -1257:215
MEMBRANE 8 |
| 4) | [1250] | Butylbeg ¹⁷
Bultynbeg | CXXXI Carta magistri Ricardi de Beuer de terra
Kyldroch et Butylbeg ICL:122-123 (<i>Aistrithe Bey
Beg</i> ag AH 2008:310-1). |
| 5) | [c1252] | Bultynbeg | CXXXIII Carta ... Willelmi (de Bray) <i>ibid</i> :115
(<i>Aistrithe Bey Beg</i> ag AH 2008:312). |
| 6) | [c1260] | Bultynbeg | CXXXV Carta ... Alicie <i>ibid</i> :116 |
| 7) | [c1260] | Bultibeg (119)
Butylbeg (122)
Bultynbeg (123) | CXXXVII Confirmacio ... Alicie <i>ibid</i> :119
CXXXI Carta magistri Ricardi de Beuer de terra
in Kyldroch et Butylbeg (<i>ibid</i> 122-3)
(<i>Bay Beg</i> atá ag AH 2008: 311, 318) |
| 8) | 1302 | de Bello Becco | Pap. Tax. 253, 263 TS <i>logainm.ie</i> |
| 9) | 1303 | de Bello Becco
[John] de Bello Becco | Pat R Ed I 1301-7:141
<i>ibid</i> :260 |
| 10) | 1305 | de Bello Becco
Balymacgilkeran ¹⁸ | CJR 1305-07:83
[<i>de Bello Becco</i> amháin ar TS <i>logainm.ie</i>] |

¹⁷ Is é *Bey Beg* an leagan Béarla a chuir AH ar *Butylbeg/ Bultynbeg*, féach ‘Charter [remise] of Master Richard Beuver of land in Kiltrough and **Bey Beg**’ (AH:310-1).

¹⁸ Seo téacs na tagartha: ... record of plea ... between the King and the abbot and convent *de Bello Becco*, of one messuage, two carucates of land, 20 acres of meadow and 60a of pasture in *Balymacgilkeran*’ (*op cit*).

- | | | | |
|-----|----------------------|--|--|
| 11) | 1305 | Beaubec (<i>de Bello Becco</i>)
Balynacgilkeran (<i>sic</i>) | CCI R Ed. I: 1302-07:257 |
| 12) | 1309-10 | de Bello Becco | Rot. Pat. 14 TS <i>logainm.ie</i> |
| 13) | 1323 | de Bello Becco | CPR Ed II:1321-1324:263 |
| 14) | [1332] ¹⁹ | Beaubec | Archdall Mon Hib (White):516 |
| 15) | 1306 | de Bello Becco | 713 Tax. D. M. CDI 1302-1307:253 |
| 16) | 1306 | de Bello Becco | 714 Roll of Tax. <i>ibid</i> :263 |
| 17) | 1340 | Beaubec
Killekeran
the manor of Beaubec
Beaubec | CPR Ed III1340-43: 52-3 MEMBRANE 25 |
| 18) | 1343-45 | in Bello Becco X 2 | Rot. Pat. 45, 47 TS <i>logainm.ie</i> |
| 19) | 1348 | the manor of Beaubec
X 2
Beaubec (de Bello Becco)
Killekerran
Gillekerran | CCI R Ed III 1346-49:459
Féach freisin ICL:52, fonóta 3, CCI R [Ed III]
1346-49:450 <i>recte</i> 459 |
| 20) | 1358 | Killekeran,
nunc maner'do Bello Becco | Rot. Pat.71 TS <i>logainm.ie</i> |
| 21) | 1363 | Beaubek X 2 | Charter Ed III CGR: 78 f. 97 |
| 22) | 1376 | the Beaubek <i>recte</i>
magno bico orientalis
magna bico orientalis ²⁰ | Quit-claim <i>ibid</i> :76 f. 94 d. |
| 23) | 1406 | Bewebek | Rot.Pat.182 TS <i>logainm.ie</i> |
| 24) | 1408 | Bewbek ²¹ | CLXV ICL:181 |

¹⁹ Seo téacs na tagartha: ‘King Edward I granted license to the abbot of Beaubec in Normandy, to assign to the abbot of Furnes in Ireland the manor of Beaubec near Drogheda ...’ (*op cit*). Is iad dátaí réimis Éadbhaird I ná 1272-1307, mar sin níl dáta Archdall ceart. B’fhéidir gur Éadbhard III 1327–1377 a bhí i gceist aige. Faoin am sin, bhí *Bello Becco* luaite cheana féin i gcáipéisí de chuid Anraí III (3), Éadbhard I (11) agus Éadbhard II (13).

²⁰ Seo mar atá ar chóip na bunlámhscríbhinne: ‘*Quietus clamius filis (nó ius) Geraldí filis Joh’ia* [?] Rogero de P, de y mes in magno bico orientalis’ (LN: P. 5071). Sílim gur *de y mes in magno bico orientalis* atá sa lámhscríbhinn, agus gur scríobhadh *in magna bico orientalis* scríofa inti níos deireanaí.

²¹ Is Beybeg atá ag AH 2008:382.

- 25) [1448] Butelbeg²² CLXV *ibid*:180
- 26) 1540 le bebecks²³ IMP:248 TS *logainm.ie*
- 27) 1540-1 The two Bebeks [with *ibid*:315 XXIX (*logainm.ie*)
their parcels]
Bebeke Magna *ibid* 319 (TS *logainm.ie*)
Bebeke Parva
Bebeike (*sic*)Magna
- 28) 1540-1 Magna Bewbek X 2 Possessiones ... Fournes in Anglia CSL:22
- 29) 1540-1 Parva Bewbek X 2 *ibid*:22-3
- 30) 1540-1 [Bewbek iuxta Kellys] *ibid*:23
²⁴
- 31) 1540-1 Mochebebek Possessiones ad nuper prioratum de Lanthony in
Parva Bebek Anglia pertinentes *ibid*:34
- 32) 1509- Bebeck in the Inq Hen VIII (Archdall) *logainm.ie*
47 Southfelde
- 33) 1543 the Bebecke F 350 TS *logainm.ie*
- 34) 1542-3 Bebecke IFTS i (Hen VIII):40 F 350
- 35) 1554 Moche Bebeke IFTS i (P & M):296-7 F 20 [English]²⁵
Lytle Bebeke ['Moch' *recte* Moche TS *logainm.ie*]
- 36) 1558 Bewbek *ibid*:322 F 245 (TS *logainm.ie*)
Great Bebecke *alias ibid*:323 F 252
Bebecke Little
Bebecke
- 37) 1558 Great Bebecke *alias ibid* (P & M): 323 F 252
Bebecke
Little Bebecke
[Bebecke by Kenlez]

²² Seo é an t-aon uair nár athraigh AH an logainm go *Beybeg*, féach *Butelbeg* (Hogan 2008:381).

²³ 'XV Franciscan House of Drogheda In le doggs of le Bebecks there are 3 acr. M. worth 5.s.' (*op cit*).

²⁴ Is é seo an 3ú *Bewbek* a luaitear sa téacs seo. Sílim nach mbaineann an *Bewbek* seo le *Beaubec*, Dhamh Liag Íochtarach, ach go mbaineann sé le *Phebog* (CS:280) i mbarúntacht Cheanannais. Éiríonn sainiú na m*Bebeck* roinnt casta, mar is cosúil go bhfuil an tríú ceann ann; bhronn iníon Walter de Lacy agus a fear Geoffrey de Geneville leath *carucate* talún, a bhí gar do *Kells* ar mhainistir Bheaubec, ag deireadh na 13ú haois nó ag tús na 14ú haoise, (féach cáipéis (17) thuas, agus Nicholls 2004:230). (Ba ag *Murcardus Humelachlyn* a bhí an talamh roimh Hugo de Lacy de réir chairt Anraí a luadh de Geneville in 1308 (CJR 1308-14:100) Féach freisin (34) sa Tábla ina bhfuil an tríú *Bebeke* luaite.

²⁵ 'The lands of Marynerston, *Moche Bebeke*, *Lytle Bebeke*, in the barony of Dueleke and *Bebeke in the barony of Kells*' (*op cit*).

- 38) 1559 Great Bebeck alias F163 TS *logainm.ie* 163 (6206):17
Bewbeck, Little Bebeck
alias Bewbeck
- 39) 1559 little Bebecke IFTS ii (Eliz):18, F178
(F 177 *erratum* TS *logainm.ie* 2010)
- 40) Bewbeck Inq. Eliz. (Archdall):AL TT *logainm.ie*
- 41) [idir Great Bebeck & Little Inq. Eliz. (Archdall):AL TT *logainm.ie*
1558 & Bebeck
1603]
- 42) Moche Bebeck; Little Inq. Eliz. (Archdall):AL TT *logainm.ie*
Bebeck
- 43) [idir Moche Bebeke; little Inq. Eliz. (Archdall):AL TT *logainm.ie*
1558 & Bebecke [in the barony
1603] of Duleek]
- 44) [idir Great Bebeck *alias* Inq. Eliz. (Archdall):AL TT *logainm.ie*
1558 & Bewbeck
1603]
- 45) [idir Small Bebeck *alias* Inq. Eliz. (Archdall):AL TT *logainm.ie*
1558 & Bewbeck
1603]
- 46) 1640 great Bewbecke & Car 1:151 Inq Lag
little Bewbecke
[Bewbecke iuxta Kells]
- 47) 1654- Baymore x 4 CS:3 (x 3), 4,
56 Baybeg x 4 3 (x 2), 4, 48
Baybegg 4
Baymoore x 4 35 (x 3), 36 (X 2), 48
- 48) 1657 Beymoore 6 DS An Index of Townes Names with the
Bey begg 6 pages where to find them.
Bymore Bybegg The Parrish of Colpe ... contains ... townlands...
Beymoore & Bybegg The total of forfeited lands is...
Bymore Beybeg DS ls: The Parrishes of Killcarvan Colpe &
Julianstown by W^m Farrand. An exact copy by Dan^l O
Brien Surv^f

- 49) 1659 Bebegg Census:482
 Bemore
- 50) i ndiaidh Beymore ASE (Brodigan):AL 46
 1662²⁶ Bebeg
- 51) c1668 Breymore and BSD: Index
 Breybeg 17 *ibid* 17, 1663 sa téacs
 Breymore and *ibid* 17, 1663 sa téacs
 Breybeg
 Great Boolyes, Little
 Boolyes
- 52) idir 1660 Great Bewbecke Inq C II (Archdall):AL *logainm.ie*
 &1685 Little Bewbecke
- 53) 1694 Beamore Inq (Drogheda) 1 TS *logainm.ie*
- 54) ?1697 Great Bebegg Quit Rents (Old Copy):AL TT *logainm.ie*
 Little Bebegg
- 55) 1777 Baymore T&S:3
 corrected Baybeg
 to 1783
- 56) 1786 Beamore Archdall Mon Hib (White):516²⁸
 Beaubec²⁷ *ibid*
 great Bebeck *alias* *ibid*:538
 Bewbeck,
 Small Bebeck *alias*
 Bewbeck
- 57) 1812 Be moor Co. Map 1812:AL
 Be moor Larkin TS *logainm.ie*
- 58) Beybeg BS:AL TT *logainm.ie*

²⁶ Gluais ar an AL: 'From copy ... (Brodigan) ... taken from the book of forfeitures & confirmed by the Act of Settlement of 1662 or 12th Charles 2nd, [†1685], cf. an Réamhrá.

²⁷ 'In the same direction from Drogheda as Beamore. In the reign of King John, Walter de Lacie, Lord of Meath, did grant to the church of St Mary and St Laurence of Beaubec, all his land situate in the townland of Killokerran (now called the manor of Beaubec), together with the liberty of keeping a boat free of toll' (*op cit*).

²⁸ '1332 King Edward the first, granted a license to the abbot of Beaubec in Normandy, to assign to the abbot of Furnes in Ireland, the manor of Beaubec near Drogheda, together with three messuages, fifty acres and an half of land, and fifty-seven shillings and nine-pence annual rent arising from Marinston, Renneles, and the the town of Drogheda on both sides of the river, also a fishery in the Boyne; saving however to the Lords of the fee their proper services' (*ibid*: 516).

59)	[1824]	Beymore Beybeg	HCSV:AL TT <i>logainm.ie</i>
60)	c1830	Baymore Beabeg	TCB:AL TT <i>logainm.ie</i>
61)		Beymore Beybeg	GJ Rates (Old Docket):AL TT <i>logainm.ie</i>
62)	1835/6 revised 1899	Begmore Ho	Is SO
63)	1835/6 revised 1899	Beybeg Ho	Is SO
64)	1836	Béadh beag Beith ‘birch’	OD TS <i>logainm.ie</i> peann luaidhe AL
65)	31-III- ‘65	Béibeag Beag, Mór	SO ‘Brainse na hInnealtóireachta’ TS <i>logainm.ie</i>
66)	1978	BEY BEG ‘Beith Beag’ = little birch ‘Beith mór’ Great Birch	Fitzsimons 1978:16
67)	20.6. 2002	Béibeac Beag Béibeac Mór	SO TS <i>logainm.ie</i> ²⁹
68)	1836	Beybeg	JOD:AL TT <i>logainm.ie</i>
69)	2010 2014	'be:ɸeg 'be:ɸor 'be:'mor 'be: 'ɸeg	fogharscríobh, Damian Mc Daid Noel Ryan

Tugtar *Bey More* agus *Bey Beg* ar dhá bhaile fearainn i bparóiste Cholptha/ *Colp* i mbarúntacht Dhamh Liag Íochtarach i gContae na Mí. Dealraíonn sé gur logainmneacha dhá mhír atá iontu - *Bey* + *More* agus *Bey* + *Beg*, ach tá fianaise ann gur *Kilkeran* [> **Cill Chiaráin*] nó *Balynacgilkeran* (sic) [> **Baile Mac Giolla Chiaráin*] a bhí ar an áit roimh theacht na Normannach (Nicholls 2004:229-230). Is cosúil gur bhronn Walter de Lacy (†1241), mac le Hugo, tailte *Gillekeran* ar ord rialta na gCistéirseach a raibh a máthairtheach sa Normainn³⁰ mar a léirítear i gcáipéis (2) sa Tábla, agus tugaim an sliocht ábhartha den téacs anseo:

²⁹ Tá nóta curtha leis an tagairt seo .i. ‘tugtha do Co.Co. Lú (comharthaíocht bóithre)’. [Co. Co. = Comhairle Contae].

³⁰ Ní réitíonn na foinsí le chéile maidir le cé acu ord a tháinig. Cistéirsigh a bhí i Normainn na Fraince ach is mar seo atá sé ag Archdall: ‘AD 1175 About this time Walter son of Hugh de Lacie erected and

1235 Dec. 2. Grant and confirmation in frankalmoign to the church of St Mary and St Laurence, of *Beaubec* [*de Bello Becco*] ... of the gift and grant which Walter de Lascy made to them of all the demesne of his carucates in the *vill of Gillekeran*; ... of a burgage in the *vill Marenariorum*. (2)

Bhíodh mainistir dhúchasach tiomnaithe do Chiarán san áit ar dtús, agus is cosúil gur tógadh an mhainistir Normannach ar fhothracha *Thearmainn Chiaráin* a creachadh sa bhliain AD 844 (ARÉ i:470),³¹ agus gur athainmníodh sa 13ú haois í i ndiaidh mhainistir na naomh Muire agus *Laurence* a bhí i m*Beaubec* nó i m*Bello Becco* in *Haute-Normandie* na Fraince.³² Bhí súil ag canóin *Llanthony* (Agaistínigh) le deachúna *Bello Becco/ Kilkeran*, agus tá cáipéis le fáil ón mbliain 1224 ina luaitear *Bello Becco* agus *manerio nostro de Kilkeran/ Gilkeran* ina raibh plé ar na deachúna sin, féach:

1224 Ego frater W[illelmus] dictus abbas de *Bello Becco* ... quod cum contencio esset ... inter nos ex vna parte et priorem ... Lanthonie prime ex alter super minutis decimis quas petebant a nobis in Hibernia in *manerio nostro de Kilkeran* ... videlicet quod canonici Lanthonie prime recipient omnes minutes desimas omnium hominum nostrorum qui hababant domos in terra nostra de *Gilkeran* ... (1)

Rinneadh atagairt do chairt bhronnta Walter de Lascy arís eile sa 13ú haois, féach:

1235 Grant to the church of St Mary and St. Laurence, *Beaubec*, and the monks there, in frank almoyn, of the gift made to them by Walter de Lascy *Gillekeran* (3).

Is cosúil go raibh súil ag an rí le cuid den rachmas, agus caingean á déanamh faoi sheilbh measáiste agus faoi sheilbh talún, féach:

probably on the ruins of the ancient abbey, a monastery under the invocation of St Peter for canons regular following the rule of St Augustine' (1786:524). Agaistínigh a bhí i gColptha agus i nDamh Liag, agus i m*Bellus Beccus* de réir ICL féach (1), (4) - (7) sa Tábla thuas. Cistéirsígh a bhí i m*Bellus Beccus* na Normainne, máthairtheach Chill Chiaráin/ *Kilkeran*. Bhíodh seanmhainistir dhúchasach ar an suíomh i gContae na Mí, féach AD 957: 'The tearmon or glebe lands of Keran were burnt' (Archdall 1786: 522). B'fhéidir gur thóg na Cistéirsígh áit na nAgaistíneach sa 13ú haois.

³¹ [844 AD]. 'Orgain tearmainn Ciaráin lá Feidhlimidh, mac Criomhthainn, 7 Ciarán dna do theacht ina dheadhaidh, andas lais, 7 forgamh dia bhachaill do thabhairt ind, go ros gabh guin meadhoin, co nar bo slán go a écc' (*passim*).

³² **Bellus Beccus* sa tuiseal ainmneach, ach níor thángthas ar an logainm ach sa tuiseal tabharthach- *de Bello Becco*. **Beccus** = Laidin 'beak' **Bellus** = Laidin 'beautiful' (Libraire Larousse. 1964). [**Beak**: orig. from Old French 'a cock's beak' (Chamber's 20th century Dictionary)]. Freagraíonn *beau* agus *bec* na Fraincise do *bello* agus do *becco* na Laidine.

1305... record of plea ... between the King and the abbot and convent *de Bello Becco*, of one message, two carucates of land, 20 acres of meadow and 60a of pasture in *Balymacgilkeran* (10)

ach d'fhág Éadbhard III i seilbh na manach é, féach:

1340 ... St Mary and St Laurence, *Beaubec* ... the demesne and liberties of his [Edward III] ploughs and lands in *Killekeran*, with a burgage in Marinerston ... (ii) charter ... confirming above: (iv) letters patent ... granting licence ... to retain *the manor of Beaubec* with lands in Marinerston, Kenneles and Droghda, which had been alienated to them by the abbot and convent in Normandy ... (v) ... *Beaubec* (17)

agus

1348 ... Order to amove (*sic*) the king's hand from *the manor of Beaubec (de Bello Becco)* which he took into the king's hand by the death of brother John de Cokerham, the last abbey of Fourneys, and not to intermeddle further therewith, restoring the issues thereof to brother Alexander, abbot of Furneys and to the convent there, as Walter de Lacy, by his charter granted to the church of St. Mary and St. Laurence, *Beaubec (de Bello Becco)* and to the monks residing there, in frankalmoin all the demesne of his ploughs with their appurtenances, in the town of *Killekerran* and all the lands which Bethani and the English held of him in the said town of *Gillekeran*, which tenements are now called *the manor of Beaubec* to hold in frankalmoin, ... and subsequently Henry III confirmed the said grant ... ³³ (19)

Dealraíonn sé gur roinneadh *Beaubec* ina dhá chuid chomh luath le deireadh na 14ú haoise (féach plé ar (22) thíos) ach faoin mbliain 1540 bhí sé soiléir go raibh an roinnt sin aitheanta, féach:

1540-1 The two Bebeks [with their parcels] (27)

agus is as ainmniú na roinnte sin a tháinig na leaganacha *magna/ great/ moche /parva/ little/ small Bebe[c]k[e]/ Bebeek/ Bewbeck[e]* srl, as a díorthaíodh foirmeacha comhaimseartha an logainm *Bey Beg* agus *Bey More*.

Tá go leor tagairtí eile do *Bello Becco* i gcáipéisí na 13ú agus na 14ú haoise, féach (8) - (10), (12), (13), (15), (16), (18) - (20) thuas. Tagraíonn cáipéis (19) d'athainmniú na háite, - is éard atá scríofa sa bhuncháipéis Laidine, ná

³³ Féach freisin (55) sa Tábla thuas.

Killekeran, nunc maner' do Bello Becco (20).

Is é an leagan Fraincise den logainm, atá bunaithe ar *Beaubec*, a fhaightear idir 1340 agus 1408 agus é litrithe ar bhealaí éagsúla, féach *Beaubec* (17),³⁴ *Beaubek* (21), *the Beaubek* (22), (= magno bico orientalis srl, a phléifear thíos) *Bewebek* (23), *Bewbek* (24), (28). (29). Tarlaíonn sé go bhfuil bearna san fhianaise ina dhiaidh sin, suas go AD 1540, agus ansin, is san uimhir iolra atá leaganacha an logainm le fáil, féach - *le Bebecks* (26), *the two Bebecks* (27). Is cosúil nach raibh na *Bebe(c)ks* roinnte go cothram – go raibh ceann acu níos mó ná an ceann eile:

Et in villata de Magna Bewbeck ... sunt 120 [acre terre] arabalis (28)

Et in villata de Parva Bewbeck ... sunt 80 acre terre arabalis (29)

Is leis na leaganacha *Magna* (27), (28), *Moche* (31), (35), (42), (43), *Great* (36), (37), (38), (41), (44), (46), (52), (54), (56), *Parva* (27), (29), (31), *Lytle* (35), *Little* (36), (37) - (39), (41) - (43), (46), (52), (54), agus *Small* (45), (56) atá siad cáilithe ón mbliain 1540 go dtí tús na 17ú haoise, agus cé gur athraigh foirm an logainm sa 17ú haois, chonacthas gur scríobhadh leaganacha cáilithe le *Great* agus le *Little* faoi dhó sa 17ú haois, féach (52), (54).

Is léir, go bhfuil rian de *beau* agus de *bec* na Fraincise le sonrú i gcónaí sna malairtí leaganacha litrithe atá le fáil don dara heilimint/ siolla, mar a leanas: *Beaubek* (21), *Bebek* (31), *Bebeke* (27), (34), (43), *Bebeike* (27), *Bebeck* (32), (38), (44), (45), *Bebecke* (33), (34), (36), (37), (39), (43), *Bewbek* (24), (28), (29), (36), *Bewbeck* (38), (40), (44), (45), *Bewbecke* (36), (37), (46), *Bewebek* (23), *Bebeek* (41), (42). Faightear *beau* tamhanta - *be-* i gcuid de na leaganacha, féach (26), (27), (31) - (35), (37) - (39), (41) - (43), (49), (50), (54) agus litrítear *Beau* mar *Bew-* uaireanta ón 15ú haois go dtí an 18ú haois, féach (23),³⁵ (24), (28), [(30)], (36), (37), (38), (40), (45), (46), (56). Tá an t-alt le fáil i dtrí shampla stairiúla, féach *the Bebecke* (33) agus tá sé le fáil freisin san iolra sna leaganacha *le bebecks* (26) agus *The two Bebecks* (27). Ní áirím *the Beaubek* (22), atá le fáil in eagrán Mhills/ McEnery de CGR (1916) leo seo, mar is iad magno bico orientalis³⁶ agus magna bico orientalis na foirmeacha a scríobhadh sa bhuncháipéis Laidine sa bhliain 1376 (LN: P. 5071). Feidhmíonn *magna* mar chodarsnacht ar *parva*,

³⁴ Fágaim (19) as an áireamh, mar sílim gur chuir eagarthóir na cáipéise sin *Beaubec* ar an Laidin *de Bello Becco*.

³⁵ Tá guta breise sa sampla seo.

³⁶ Scaoileadh giorrúcháin na lamhscríbhíne le cló iodálach sa tagairt thuas.

agus cé nach bhfuil *parva* luaite sa cháipéis seo, thabharfadh na foirmeacha *magno/magna bico* le fios go raibh *Beaubek* roinnte ina dhá chuid chomh luath leis an gceathrú deireadh den 14ú haois agus go raibh *magna bico* (*Beaubek*) suite taobh thoir de **parva Beaubek*.

Seasann an leagan *Bebeck in the Southfelde* (32) amach, mar go bhfuil breis cáilithe déanta air, agus suíomh an *Southfelde* luaite leis. Níl a fhios againn, an mbaineann an *Bebeck* seo le *Kenles* nó le paróiste Cholptha/ *Colp*, ámh.³⁷

Tarlaíonn sé go bhfuil bearna eile san fhianaise idir 1603 agus fianaise an CS *Baybeg[g]* (47) srl 1654 - 56. Dealraíonn sé gur thángthas ar thuiscint nua ar an logainm i rith na tréimhse sin, gur tuigeadh go hearráideach gurb í an aidiacht *beag* a bhí sa mhír *-bek* i ndeireadh *Bewbe(c)k(e)*, go bhfacthas go raibh sé iomarcach (**Bewbek beg*), gur ligeadh *-bek* i léig agus gur tháinig foirmeacha éagsúla de *Beybeg(g)* (> *beag*) chun cinn, féach *Be[y]beg[g]* (47), (49), (50), (54), (58), (59), (61), (63), (67), *Baybeg[g]* (47), (55), *Beabeg* (60) agus foirm chorr an BSD *Breybeg* (51) bhfuil *r* ionsáite sa chéad eilimint. Tháinig *Be(y)more* (> *mór*) chun cinn ag an am céanna, ar an múnla céanna, mar mhalairt ar *Bey Beg*, féach *Be(y)m[o]ore* (48), (49), (50), (59), (61), *Bymore* (48), *Breymore* (51) *Beamore* (53), (56), *Baymo(o)re* (55), (60), *Be moor* (57), *Begmore* (62).³⁸

Foirmeacha Gaeilge

Chuir Ó Donnabháin an t-aischruthú fóineolaíoch *Béadh beag* (64) < *Beithe, betula* + *BEAG* ar fáil mar leagan Gaeilge ar *Beybeg* sa 19ú haois. Níl *Béadh* neamhchosúil le *Bew/ Bey/ Bay*, ach toisc gur focal baininsneach é *beith* (*Béadh*), bheifí ag súil le séimhiú ar an aidiacht a leanann a thabharfadh an fhoirm **Béadh bheag*.³⁹ Is iad *Beith Beag* agus *Beith Mór* (66) na leaganacha a thairg Fitzsimons agus é ag leanúint Uí Dhonnabháin. Maidir le leaganacha na SO *Béibeac Beag* agus *Béibeac Mór* (67), is trasscríobh foghraíoch iad, atá bunaithe ar an mbunleagan *Beaubec* agus iad scríofa sa litriú comhaimseartha. Dealraíonn sé gur bunaíodh na leaganacha Gaeilge *Béibeac Beag*,

³⁷ cf. *Bewbek iuxta Kellys* (29), *Bebeke in the barony of Kenles* (35), *Bebecke by Kenlez* [F 252] (36).

³⁸ Is mar seo a míníodh é ar shuíomh na suirbhéireachta ordanáis: ‘Anuas go dtí 1559, ón bhfianaise, tuigeadh nár *-beag* a bhí mar dhara mír sa logainm. Is léir ón 17ú haois ar aghaidh gur glacadh leis gur *-beag* a bhí sa logainm agus *-mór* dá réir sin’ (TS 4 *logainm.ie*).

³⁹ Níl an ortagrafaíocht Gallda **Bey Veg* nó **Bey Vore* le fáil ar an logainm in aon áit. Ní docha go raibh an fhianaise ar *bellus beccus* ná ar *Beaubec* ag Ó Donnabháin agus é i mbun oibre agus is cosúil go ndúirt duine as an gceantar leis gur *Beith beag* a tugadh ar an áit, mar tá sé sin scríofa ar an AL i bpeann luaidhe. Ar ndóigh bhí díscáileadh na mainistreacha thart le beagnach 400 bliain agus Ó Donnabháin i gContae na Mí.

Béibeag Mór (65) ar leaganacha stairiúla truailithe de *Beaubec* a chríochnaigh i gconsan glóraithe.

Tá samplaí de logainm eile le fáil idir an 13ú haois agus an 15ú haois, a bhfuil *beg* < *beag* iontu agus tharlódh gur chuir siad leis an mearbhall. Is iad sin *Butlbeg*/*Bultynbeg*/*Bultibeg*/*Butylbeg*/*Butelbeg* féach (4) - (7), (25) sa Tábla thuas, agus pléifear an logainm sin anois maraon le *Kilkeran*/*Gilkeran* a bhí ar an mbaile fearainn roimh theacht na Normannach.

Dhá Logainm Dhúchasacha

[5A] *Buailtín beag

Tá teacht ar an logainm *Bultynbeg* (4), (5), (6), (7) *Butylbeg* (4), (7), *Bultibeg* (7) agus *Butelbeg* (25) idir c1250 agus 1448. Cuirfear san áireamh anseo é ar dhá chúis:

- (i) Luaitear foirmeacha de *Kiltrough* in éineacht leis go minic. (Tá an baile fearainn *Kiltrough* soir ó *Bey Beg* agus teorantach leis), agus
- (ii) cuireann an staraí Arlene Hogan (2008) an Béarla *Bey Beg* ar leaganacha éagsúla de *Bultynbeg*.

Is cosúil go bhfuil dhá eilimint in *Bultynbeg* (4), (5), (6), (7) .i. an t-ainmfhocal **Buailtín* agus an aidiacht **beag* (> *Bultyn* + *-beg*).⁴⁰ Is cosúil gur foirm reoite í seo, de bharr **buailte* + *-ín* a bheith mar aonad, cáillithe le **beag*, atá iomarcach toisc an bhrí chéanna a bheith ag *beag* agus atá ag an mír dhíspeagthach *-ín*. Dealraíonn sé gur cailleadh *-n#* na chéad eiliminte i gcás *Bultibeg* (7). Maidir leis na leaganacha *Butylbeg* (4), (7), ní hamháin gur cailleadh *-n#* na chéad eiliminte, ach go ndearnadh meititéis idir *-l-* agus *-t-*. Is é *Butelbeg* (25) AD 1448, an fhoirm is deireanaí a aimsíodh don staidéar seo, agus a thuilleadh claochluithe imeartha uirthi maraon leis an meititéis.

Tá an chiall ‘áit bheag súisteála’ ag ‘buailtín’ chomh maith leis an gciall ‘áit a mblítear beithígh’ ar dócha go mba é sin a bheadh i gceist le *Bultynbeg* (4) AD 1250.⁴¹ Má bhí súisteáil ar siúl ann sa bhliain 1250, is i gcomhthéacs cur síos ar *Pastura* a fhaightear tagairt do *Butelbeg* faoin mbliain 1448, agus é ráite go bhfuil ‘garraí’ 30 acra san áit, a bhfuil an t-ainm *Butelbeg* air agus luach féaraigh 4 phingin ar chuile acra díobh (ICL:180).⁴² Faoin am sin, ámh, bhí an eilimint BUAILTE truailithe le meititéis > *Butel-* cé go raibh an BEAG < *beg* le fáil ag deireadh an logainm i gcónaí, ach is

⁴⁰ nó trí eilimint, má chomhairtear an mhír dhíspeagthach *-ín*.

⁴¹ Féach *buailtín* 2 agus 3 in *WinGléacht*.

⁴² Seo an buntéacs: ‘*Pastura Campus vocatus Butelbeg* continent xxx acras, qualibet acta valente per annum ad pasturandum iijj’ (*ibid*).

cosúil gur *buailtín* a bhí san áit, de bharr go mbítí ag bleán na mbó amuigh sna garraithe, san áit a raibh siad curtha ar féarach.

[5B] *Cill Chiaráin nó *Baile mac Giolla Chiaráin

Ag breathnú ar na foirmeacha *Kilkeran/ Gilkeran* in (1), *Killekeran* (17), (19), (20), *vill of Gillekeran* (2), *Gilleke(r)ran* (3), (19), *Balymacgilkeran* (10), *Balynacgilkeran (sic)*⁴³ (11), is léir go bhfuil claochlú imeartha ar an logainm sin. Dealraíonn sé go bhfuil na heilimintí CILL agus CIARÁN sna foirmeacha *Kilkeran/ Gilkeran* (1). Ansin, nuair a bhreathnaítear ar *Gillekeran* (3), agus *Killekeran* (19), (17), (19), dealraíonn sé gurb iad GIOLLA agus CIARÁN na heilimintí atá iontu siúd. Ansin, dealraíonn sé go bhfuil ceithre eilimint sa leagan *Balymacgilkeran* (10), (11) .i. BAILE + MAC + GIOLLA + CIARÁN. Tá roinnt tagairtí do dhaoine eaglasta éagsúla in ARÉ agus an t-ainm *Ciarán* orthu, a bhain le Contae na Mí idir 771 agus 1061.⁴⁴ Tá an eilimint CIARÁN (*Ciaráin*, tuiseal ginideach) le fáil i logainm i dtéacs a dhéanann tagairt don scrios a rinne na Lochlannaigh i gContae na Mí sa bhliain 949 mar a leanas:

Gofraidh, mac Sitriocca co nGallaibh Atha Cliath do orgain
Ceanandsa, Domhnaigh Patraic, Ard breacáin, Tuláin, Dísirt
Ciaráin, [*Castlekieran*] Cille Scíre, 7 alaile cealla archeana...
(949 ARÉ ii:664).⁴⁵

Ar ndóigh, bheadh *Dísirt Ciaráin* scoite ó **Cill Chiaráin*.

Cill nó Giolla ?

De réir na fianaise atá againn, tá sé shampla ann a bhfuil #g- le fáil iontu, féach *Gilkeran*, (1), *Gillekeran* (2), (3), *Balymacgilkeran* (10), (11), agus *Gillekerran* (19), agus tá ceithre fhoirm a bhfuil #K- (> #C-) iontu: *Kilkeran* (1), *Killeker(r)an* (17), (19) agus (20). Tá an chuma air, ar an gcéad éachtaint go bhfuil ceithre fhoirm stairiúla dhéshiollacha ann .i. *Gille-* (2), (3), agus *Kille-* (17), (19). Ach ní áirím -*gil-* (10), (11) leis na foirmeacha aonsiollacha, mar tá an chosúlacht ar *Balymacgilkeran* (10), (11) go bhfuil coimriú déanta - **-gile-* go *-gil-*, toisc líon na siollaí a bheith méadaithe sa

⁴³ Dealraíonn sé gur botún peannaireachta is cúis le *-nac-* agus gurb í *-mac-* an eilimint atá i gceist i sampla (11).

⁴⁴ Féach: ‘*Ciaran* Craibhdheach Bealaigh duin déug 14 Jun.’ (770 ARÉ i:374). Féach freisin: ‘*Bealach-duin*: ... this was the ancient name of *Disert-Chiarain*, of *Castlekieran*, near Kells in Meath’ (*ibid*:fonóta s). Féach freisin: ‘*Ciarán* o Bhealaigh dúin, do sgríbh beatha Phadraic, décc’ (778 *ibid*:384), agus ‘*Ciarán* fearleighbhind Ceanannsa, eccnaidh dearscaighthe ... décc do pláigh; (1061 ARÉ ii:878-880).

⁴⁵ Faightear *Ciarán* go stairiúil mar eilimint sa logainm *Tearmainn Ciaráin* in áiteanna éagsúla sa tír, féach ARÉ faoi na blianta 831, 957 agus 960.

logainm. Mar sin tá seacht bhfoirm dhéshiollacha le fáil (a thabharfadh **giolla Chiaráin*) le hais trí shampla d'fhoirmeacha aonsiollacha - *Kil-* (1), /*Gil-* (1), (3) (a thabharfadh **Cill Chiaráin*).

Is deacair a rá go cinnte cén chaoi ar fhorbair an logainm, ceal fianaise. Ag breathnú ar *Kilkeran/ Gilkeran* (1), dealraíonn sé gur ar an múnla CILL + AINM NAOIMH (múnla a bhí bisiúil sa Luath-Chríostaíocht) atá an logainm bunaithe < **Cill Chiaráin*. Ós rud é go mbaintear leas as an tuiseal tabharthach i ndiaidh an réamhfhocail *i* (a chuireann urú ar an logainm a leanann é) tharlódh go bhfuil #*G-* le fáil ag tús *Gilkeran*, (1) *Gillekeran* (2), (3), agus *Gillekerran* (19) in áit #*C-* [> **i* gCill Chiaráin] mar faightear rian d'urú na Gaeilge reoite i dtús fhoirmeacha Galldaithe logainmneacha in amanna (féach *Garballagh* [39] mar shampla). Ní réitíonn an míniú sin leis an bhfianaise eile ámh, is é sin - *vill of Gillekeran/ Balymacgilkeran* - ar a ndíreofar aird anois.

Má ghlactar leis go bhfreagraíonn *vill* (2) do *Baly-* (10), (11) < **baile*, go bhfuil an eilimint #*Gil[l]e-* scríofa seacht n-uaire, agus gur minic *giolla* a bheith nasctha le *mac* sa teanga (< *mac giolla*), tá sé dóchúil go bhfreagraíonn –*gil-* in *Balymacgilkeran* do GIOLLA.⁴⁶ Mar sin, chaithfí múnla eile a chuartú don logainm. Múnla coitianta é BAILE + AINM/ SLOINNE i logainmneacha na tíre tar éis lonnú na Normannach (féach Caibidil 4). Agus tá fianaise ann go bhfuair duine darbh ainm *An giolla cam mac Gilla chiaráin* bás sa bhliain 1259 (ARÉ ii:372-3).⁴⁷ Mar sin, tá fianaise ann go raibh an t-ainm sin á úsáid sa bhliain 1305 (féach (10), (11) thuas, agus d'fhéadfadh *mac Gilla Chiaráin* feidhmiú mar cháilitheoir ar an eilimint BAILE.

Ar ndóigh, bhí ainmneacha ann roimh shloinnte, agus is dócha go raibh *Ciarán* ann sula raibh a *g[h]iolla* ann agus d'imeodh am thart sula gcuirfí na heilimintí MAC + GIOLLA + CIARÁIN le chéile mar shloinne. Má ghlactar leis, gur scaip an eilimint BAILE le lonnú na Normannach, luífeadh sé le réasún gur forbairt thánaisteach ar an logainm *Kilkeran* > **Cill Chiaráin* atá léirithe san fhoirm *Balymacgilkeran* > **Baile mac giolla Chiaráin*, ina bhfuil BAILE curtha leis an sloinne mar chéad-eilimint, murar meascadh CILL agus GIOLLA sna foinsí nach foinsí Gaeilge iad.⁴⁸

⁴⁶ Tá *Baile Mic Giolla Chais (Sligeach)*, *Baile Mic Giolla Choimhdhe(adh)* (ARÉ), *Baile Mic Giolla Mhuire* (ARÉ) agus *Baile Mic Giolla Ruaidh* (ARÉ) luaite in FSÁG, Fascúl 2:37.

⁴⁷ 'An giolla cam mac Gilla chiaráin Saoí i lecchionn 7 i ndán décc' (*op cit*). Aistríodh an t-ainm mar 'Gillacam Mac Gillakieran' (*passim*).

⁴⁸ Is cosúil gur tharla sé seo i gcás **Cill Chiaráin*, ach áitítear sa tráchtas seo gur áiteanna seanbhunaithe a bhí in *Ballymagarvey* [1] agus in *Ballymad* [3].

Tá an chuma ar an scéal, mar sin, ón bhfianaise thuasluaite, go raibh an dá logainm *Cill Chiaráin agus *Baile mic giolla Chiaráin ar an áit seo ag amanna éagsúla sa stair.

Conclúid

Tá roinnt logainmneacha stairiúla nasctha leis an mbaile fearainn a fiosraíodh thuas. Dealraíonn sé go raibh *Cill Chiaráin na Luath-Chríostaíochta ar cheann de na logainmneacha dúchasacha a bhí in úsáid sa cheantar seo, agus rinne na Ceithre Máistrí tagairt do hargain *Tearmainn Chiaráin*, Contae na Mí sa 9ú haois (844 ARÉ i:470). Thart ar 150 bliain i ndiaidh lonnú na Normannach, ag tús na 14ú haoise, tar éis do chóras na mainéar a bheith curtha i bhfeidhm, bhí teacht ar an logainm *Balymagilkeran* (>*Baile mic Giolla Chiaráin) freisin.

Baineadh leas as *Bello Becco* chun tagairt don bhaile fearainn i rith na 13ú agus na 14ú haoise. Munar thagair *Bultynbeg* (< *Buaitín Beag) do *Bello Becco* féin i rith na tréimhse sin, chomharthaigh sé cuid den áit. Sa 15ú haois, baineadh leas as *Butelbeg*, leagan truaillithe de *Bultynbeg*, am a raibh teacht ar leaganacha éagsúla de *Beaubec* freisin.

Tá na leaganacha comhaimseartha *Bey Beg* agus *Bey More*, a tháinig chun cinn sa 17ú haois, imithe i bhfad ón leagan Fraincise *Beaubec* - leagan na 14ú haoise a bhí curtha ar an mbunfhoirm Laidine *Bellus Beccus*.

Thagair leaganacha stairiúla den logainm *Bellus Beccus/ Beaubec* do thailte eile i mbarúntacht Cheanannais sa 15ú agus sa 16ú haois freisin.

Barúntacht: Damh Liag Íochtarach **Paróiste:** Colp¹

[6] COLP EAST, COLP WEST

*Colpa Thiar, *Colpa Thoir (ainmneacha neamhdheimhnihe, *logainm.ie* 2009)

***Colptha Thiar, *Colptha Thoir** (roghanna an taighdeora 2014)

- | | | | |
|-----|-----------|---|--|
| 1) | 9ú haois | Colpdi (gin.) ² | Cod. Ard. 3b, Thes. 258, 26-29 |
| 2) | 9ú haois | ... O Cholptha
[filium Milid] dano
Inber Colptha ³ | Cod. Ard. 3b, Thes. 316, 39 |
| 3) | 12ú aois | for Colbtha | TBC ⁴ O' Rahilly 1976:5, 114-130 |
| 4) | 12ú aois | do Cholptu | <i>ibid:</i> 32, 1018 Do[th]íagat árna bárach do
Cholptu |
| 5) | 12ú aois | timchell Colbta | <i>ibid:</i> 32, 1021 Lotár timchell Colbta íarom
dochum a thopair do Bélut Alióin, |
| 7) | 1185-9 | Colp | Carta de libertatibus domorum de Colp
LXIII ICL:80 |
| 8) | 1192-1202 | Colp
Colpe | XXVI Carta Symonis Midensis episcopi de
Duuelech de Colp ... <i>ibid:</i> 33 |
| 9) | 1202 | Colp x 5 | XLIV Conuencio duplex inter domum Lanthonie
et Sampsonem <i>ibid:</i> 53-4 |
| | c1202 | Colp x 5 | XLV Conuencio... <i>ibid:</i> 54-5 |
| 10) | c1206 | Colp x 3 | CXIX <i>ibid:</i> 112-3 |
| 11) | [1221] | Colpe | XXXVI Carta Iacobi apostolic sedis legati de
omnibus ecclesiis in Hibernia <i>ibid:</i> 39 |
| 12) | 1233 | Colp x 2 | CXX Carta Rogeri Beuuer de vi acris terre |
| | [c. 1233] | ville de Colpe | <i>ibid:</i> 113-4 |
| | | Colp versus Pontem | CXXI Carta ... Rogeri et Alicie <i>ibid:</i> 114 |
| 13) | [c. 1252] | Colp x 4 | CXXII, CXXIII Carta ... Willelmi [de Bray] |
| | | manerio de Colp | de...terre <i>ibid:</i> 115 |
| 14) | c1260 | Colp x 3 | CXXIV Carta Alicia de bele Iambe, domina de |
| | c1260 | manerio de Colpe | Colp |
| | c1260 | Colp x 3 | [c1260] <i>ibid:</i> 116 |
| | c1260 | villam de Colpe | CXXV Carta Alicie ... <i>ibid:</i> 116 |
| | c1260 | Colp x 3 | CXXVI Confirmacio... <i>ibid:</i> 117 |

¹ Tá *Colpa* i gContae Lú deimhnihe mar leagan Gaeilge don pharóiste sin (*logainm.ie*).

² ... migrantes de campo *Iness* dexeraque masnu demittentes omnia ad plenitudinem ministerii quae crant ante, non in congrue leua in portum hostii Colpdi ... delati sunt' (*op cit*).

³ 'Haec sunt nomina filiorum Miled: Eber, Erimon, Ir, Donn, Amergen, Colptha ... O Cholptha dano Inber Colptha ubi Boand in mare exit' (*op cit*).

⁴ Seo dátaí scríofa na LSí a ceadáíodh don eagrán seo: LU [c 1100], YBL [deireanach sa 14ú haois], Egerton 1782 [luath sa 16ú haois], O' Curry Ms 1 [deireanach sa 16ú haois] (O'Rahilly 1976:vii). Seo comhthéacs an logainm: 'In Lúan iar samain is and documlaiset. Is ed dollotar sairdes a Crúachnaib Afí .i. for Muicc Cruind... for **Colbtha**, for Crond hi Cúalngi' (*op cit* 4-5).

		Colp X 6	CXXVII <i>ibid</i> : 118
		Colpe	<i>ibid</i> :119
15)	[1266]	Colp	CXLI <i>ibid</i> : 129
16)	[1296]	Colp X 2	CXXVIII <i>ibid</i> : 120, apud Colp (120)
17)	1286	? English Colp ?the English vill of Colp	Writ ⁵ CDI 1285-1292:118, 270
18)	[1296]	Colp x 3	<i>ibid</i> : 121 CXXIX
		Colp x 6	CXXX <i>ibid</i> : 122 apud Colp (122)
19)	1299	Colp	CPR 1292-1301:422
20)	1303	Colp x 4	CL Carta Willelmi Whiterell <i>ibid</i> : 142
21)	1306	Colp	713 Tax. D. M. ⁶ CDI 1302-1307:262 713
		de Colp	<i>ibid</i> :252
22)	1306	de Colp	714 Roll of Tax
		Colp	<i>ibid</i> :262
23)	1308	Colp (X 6)	CJR 1308-1314: 51 (X 2), 85, 94 (X 2)
24)	1308	Colpe	<i>ibid</i> : 94
25)	1310	Colp	CXL Finalis Concordia... ICL:128-9
26)	[1316]	de Colp (X 3)	CLI Relaxio I[ohannis] Whyterell ... ⁷ <i>ibid</i> : 143
27)	1379	Colpe Midensi X 2 Colpe X 5 Colp x 2	CLX ICL:166
28)	1380	iuxta Colpe de Colp de Colpe X 2	CLXIII Edmundus de Mortuo Mari, comes Marchie et Vltonie, dominus Clare, Trim et Connacia ... <i>ibid</i> : 175-6 ⁸
29)	1391-1401	for Colbtha ⁹	TBC (YBL) 1967: 5-7, línte 81-...-146
30)	1391-1401	do Colbdu ¹⁰	<i>ibid</i> :35, 904
31)	1391-1401	timchell Colpta ¹¹	<i>ibid</i> 35, 907-8
32)	15ú haois	for Colptha ¹²	TBC Stowe (1961) 1978:10-11, 285-301 (RIA MS. C VI 3) ¹³

⁵ ‘Writ ... regarding the record and process of a plaint ... of a moiety of land in English Colp ... in the English vill of Colp’ (*op cit*), ach féach ‘Englyssh Colpe alias Pilletestou’ (Rot Pat 231, 14 Hen VI 2 [= 1424], *Pilltown* [13]).

⁶ ‘Taxation of the Diocese of Meath, Deuelek.* * = Deuelek’ (*corrigenda* xii). Is dócha gur ‘de Colp’ atá sa bhuncháipéis Laidine. Seo cuid den aistriúchán: ‘Temporalities of the house of Colp Value. 4 marks Tenth.5s 4d. ... Temporalities of the house de Colp Value. 24 marks. Tenth.2s’ (*op cit*).

⁷ ‘Relaxio I[ohannis] Whyterell filii W[illelmi] Whyterell pro se et heredibus sis et suis assignatis de aduacione ecclesie sancti Colombe de Colp’ (*op cit*).

⁸ Tuairisc ar chás cuairte faoi ghoid uain atá anseo.

⁹ ‘iss *ed* dollotar, sair-des a Crúachaib Aii.i. ... for Colbtha’ (*op cit*). Tá malairt léamha ó LU san eagrán seo.

¹⁰ ‘Dothiagad arnabārach do Colbdu’ (*op cit*).

¹¹ ‘Lotar timchell Colpta iarum dochum a thobair do Belut Ailiūinac Līasaib liac’ (*op cit*).

¹² ‘Is ed do-chuadar sairdhes a cCruachain Aí .i. for Mucdhuim, for ... for Colptha, for Crand i cCuailnge ...’ (*op cit*).

33)	1401	Colp	CXLVII Inquisicio ... rectories de Colp <i>ibid</i> :138 ...
34)	1408	Manerium de Colpe Ecclesia de Colpe	CLXV Extenta omnium possessionum prioris et conuentus Lanthonie prime in Wallia tam spiritualium quam temporalium in Hibernia... <i>ibid</i> :178, 180. ¹⁴
35)	[1448]	apud Colpe	CLXVI <i>ibid</i> : 193
36)	1525	Colke	Henry VIII ¹⁵ 13/7 CI 1991:7
37)	1529	Colpe	Henry VIII 49/91 <i>ibid</i> :28 [Aistriúchán Mhills]
	1532	Colpe	
	1537	Colpe	
	1546	Colpe	H VIII 62/98 <i>ibid</i> : 34
38)	[1536-37]	Colpe [P] [West] [East]	Inq. Hen. VIII Navan (Brodigan) ¹⁶ :AL
39)	1540-1	Clerke de Colpe	Possessiones ad nuper prioratem de Lanthony in Anglia pertinentes CSL 1992: 28
40)	1540-1	Colpe villata de Colpe	<i>ibid</i> : 32
41)	1540-1	Colpe X 2 the Newton of Colpe villata de Colpe	<i>ibid</i> : 34 ¹⁷
42)	1540-1	Colpe X 2 Coulpe v. of Colp manor of Colpe	IMP 1540-1:314 <i>ibid</i> : :315 ¹⁸
43)	[1540-1]	Colpe [P] [West] [East]	Inq. Hen. VIII Trim (Brodigan) ¹⁹ :AL
44)	idir 1558 & 1603	Colpa alias the Grange of Colpe	Inq. Eliz. (Archdall):AL
45)	[1575-6]	?Colpes land	Eliz 88/191 ²⁰ CI 1991:228

¹³ Scríobhadh an leagan seo sa bhliain 1633, ach is leis an 15ú haois a bhaineann an teanga (TBC 1961:xiviii).

¹⁴ Fotheideal: ‘Ecclesia de Colpe cum suis membris. Matheus Bathe habet in dominio ibidem duas carucatas terre, ex quibus seminantur quolibet anno cxxx acre. Inde decima xiiij acre’ (*op cit*).

¹⁵ ‘Absentee clergy Edmund, prior of Llanthony, holding lands worth 200m. p.a. beyond reprises at Dyvelek & **Colke**, co Meath, absent since 3 May 1519, & Robert Laurans, vicar of Danyseton, worth 6s.8d. pa. a., absence since 1 Oct 1524.’ (*op cit*, aistrithe ag James Mills). [Luaitear dátaí éagsúla as LSí éagsúla sna fonótaí: 1520, 1524 agus 1525].

¹⁶ Nóta san AL: ‘Inquisition held at Navan on 12th Jan in the 28th year of King Henry the 8th (in possession of Thomas Brodigan Esq. of Billtown [*recte* Pilltown])’, cf. an Réamhrá.

¹⁷ ‘**Rectoria de Colpe**’ (fotheideal) ‘Et quod decima garbarum rectorie **ecclesie parochialis de Colpe** videlicet in **villata de Colpe**... the **Newton of Colpe** per unam copulam ...’ (*op cit*).

¹⁸ Teideal: ‘Cells of Duleek and **Colpe**. ... Certain issues from the demesne lands of **Colpe** are assigned for the salaries of the curates of **Coulpe** and Marynertown ...’ (*op cit*).

¹⁹ Nóta san AL: ‘Inquisition taken at Trim in the 32rd year of King Henry the 8th (Thomas Brodigan)’, cf. an Réamhrá.

²⁰ ‘... held of the Earl of Kildare ...3 ½ a called **Colpes land** worth 12d’ (*op cit*).

46)	1574	Colpe <i>alias</i> the Graunge of Colpe [lands in] Colpe Colpe x 3	Eliz 67/47 CI 1991:213 Féach freisin: Colp East, Inq. Eliz (Archdall):AL, TT <i>logainm.ie</i>
47)	1576	Colpe [P]	Eliz 85/193, <i>ibid</i> :225
48)	1576	?Colpe in Painston	Eliz 76/57, <i>ibid</i> :220
49)	1587	Colpe Colpe	Eliz 173/111, <i>ibid</i> :264
50)	1605	[Colp]	(J 1 26/25) [F 2698] CI 1991:334 ... On 17 Sept 1575 the queen granted to Edward Brabazon. esq., the tithes of [Colp]. ... <i>fonóta (1)</i> : Bracketed names are from fiant, no. 2698
51)	1603-25	Colpe [West] [East]	Grant J I (Brodigan):AL TT <i>logainm.ie</i>
52)	1622	Colpe	A 40 CI 1991:454
53)	1628	Colpe X 2	Car I 40, Inq Lag. Féach freisin Car I 83, Car I 160 <i>ibid</i>
54)	1625-49	Colpe [East]	Inq. C.1:AL TT <i>logainm.ie</i>
55)	1640	Colpe vil' de Colpe	Car I 151 ²¹ <i>ibid</i>
56)	1655-9	Colp [P]	Is BN Goblet 13
57)	1654-56	Colpe X 15	CS:lch Teidil, 2 (X 2), 3 (X 5), 4 (X 4), 48, 50
58)	1657	Colpe 6 [P]	DS Innéacs The County of Eastmeath <i>fotheideal</i> : The Barony of Dulecke
		Colpe	An Index of Townes Names with the pages where to find them [Baile Fearainn]
		Colpe [P]	An Index of Parrishes with the quantity of acres contained in each of them... Colpe 2980-1-28 ...
		Colpe Parrish	Is: The Barrony of Dulecke in the County of
		Colpe	Meath by Wm Morgan. An exact copy by Dan ¹ O Brien surv ^f .
		Colpe Parrish	Is: The Parrishes of Killcarvan Colpe &
		Colpe	Julianstown by Wm Farrand. An exact copy by
		Colpe Parrish	Dan ¹ O Brien Surv ^f
		The Parrish of Colpe	Nóta ar Is: 2: In Colpe Parrish in num: [fágtha bán] Cur síos ar an mbaile fearainn ²²

²¹ 'Joh' Draycott mil' seis' fuit, de feod' talliat' sibi & hered' mascul' de corpore suo, revercon' coron' expectant, de sit', circuit, ambit' & pcinct' nup dissolut' **monaster de Colpe**, & 4 mes' & 100 acr' ter' in **vil' de Colpe** Pd', 7 de vil' & ter' de Mornanton al' Marynertowne contin' 3 mes', 1 molendin' aquatic', 1 molendin' ventos' & 100 acr' ter' ...' (*op cit*).

²² '**The Parrish of Colpe** ... contains ... tnlds .. *liosta*... There stands ... the walls of an old Church in **Colpe** ...' (*op cit*).

		Colpe	Liosta na mBF ‘forghéillte’ nó glactha i seilbh na Sasanach
59)	[1660-1]	Colpe [West] [East]	ASE (Brodigan):AL (TT <i>logainm.ie</i>) ²³
60)	c1668	Colpe 17 Colpe	BSD Index <i>ibid</i> 17, 1666 sa téacs
61)	1672	Colp [P]	Is HD Goblet:13
62)	?1697	Colpe	Quit Rents (Old copy):AL
63)	1786	Colpe [P] Colpe Colpe	Archdall Mon Hib (White):527-8 ²⁴
64)	1787	Colp [P] [West] [East]	Long Map 1787 (Sheppard):AL
65)	1812	Colpe [P] Colpe [West] Colpes [East]	Co Map 1812:AL (TT <i>logainm.ie</i>)
66)	1812	Colpes	Co. Map 1812:AL
67)	1824	Colp part [West] [East]	HCSV:AL TT <i>logainm.ie</i>
68)	1826	Colpe[West] [East]	HC Educ. Rpt.1826:AL TT <i>logainm.ie</i>
69)	c 1830	Parish of Colp Colp West	BS:AL TT <i>logainm.ie</i>
70)	c 1830	Colp East	BS:AL TT <i>logainm.ie</i>
71)	1830-40	Colpe West	TCB:AL TT <i>logainm.ie</i>
72)	1836	Colp	GJ Rates (Old Docket):AL
73)	1836	Colp (part of) [West] Colp (part of) [East]	GJ Rates (Old Docket):AL Colp (TT <i>logainm.ie</i>)
74)	1836	Colp East	JOD:AL
75)	1830-40	Colp West Colp East	JOD:AL TT <i>logainm.ie</i>
	1837	Colpe, or Colpe-cum Mornington,	Lewis 1837/1970, 389-390 ²⁵

²³ Nóta san AL: ‘Book of Forfeitures and confirmed by the Act of Settlement of 1662 or 12th Charles 2nd’ (Brodigan), cf. an Réamhrá.

²⁴ Tugann Archdall an t-eolas a leanas i bhfonóta e: ‘called anciently Colpd. 1300 Roger, the prior of Colpe was attacked for stopping the Dominican friars of Drogheda in the high-street of the said town, and there robbing them of the body of Roger Wetherell; and also for forcibly taking from them the bier and pall thereunto belonging; he was fined in the sum of 20s’ (fonóta (g) p.208), *op cit*.

²⁵ ‘Colpe, or Colpe-cum Mornington, a parish in the barony of Duleek ... 2 and a quarter miles (E. by S.) from Drogheda...’ (*op cit*).

76)	1869	?parish of Colp	Joyce 1869:165 ²⁶
77)	1838	Colpa [East] Colpa [P]	OD:AL pl :AL
78)	1838	Colp Coilp & Colpa	dúch:AL TT <i>logainm.ie</i>
79)	2010	co:p	fogharscríobh, Grace Larkin

Tá na hainmneacha *Colp East* agus *Colp West* ar dhá bhaile fearainn i mbarúntacht Dhamh Liag Íochtarach agus tugtar *Colp* ar an bparóiste sin i gContae na Mí freisin. Is cosúil gur logainm aon mhíre amháin atá sa logainm *Colp* anois, agus gur sainíodh an dá bhaile fearainn *East* agus *West* ag tús na 17ú haoise (51). Is i dtéacsanna Gaeilge, Laidine agus Béarla atá teacht ar an logainm.

Faightear an chéad tagairt don logainm *Colpdi* (gin) (1) scríofa i gcáipéis Laidine (1) agus mínítear san fhoinsé chéanna gur ainmníodh *Inber Colptha* i ndiaidh *Colptha mac Míle*. Faightear tagairtí éagsúla don logainm ina dhiaidh sin i bhfoirm dhéshiollach i lámhscríbhinní Gaeilge, sa 12ú haois, féach (3) - (5), agus arís sa 14ú/15ú haois - (29) - (32). Tá meascán mór d'fhoirmeacha aonsiollacha agus déshiollacha sa Laidin, idir an 12ú haois agus an 16ú haois agus uaireanta bíonn an dá chineál le feiceáil in aon cháipéis amháin, nó i gcáipéisí a scríobhadh sa bhliain chéanna, féach (8), (12), (14), (27), (28) mar shampla.²⁷ Foirmeacha déshiollacha atá le fáil i gcáipéisí Béarla na 16ú haoise, féach (37) - (44), (46) - (49). Maidir le *Colke* (36), b'éasca /k/ a chloisteáil agus a scríobh in áit /p/, mar níl idir /p/ agus /k/ ach *feature* amháin (Trubetzkoy 1936:5-8). An bhféadfadh sé (i) gur botún sainithe atá sa sampla *Colpe in Painston* (48), nó (ii) gur áit eile é nó (iii) an dtugann sé le fios gur baineadh leas as *Colpe* mar théarma (féach **Féarach colpa** *focail.ie* ar 'collop grazing') i measc chainteoirí Béarla na 16ú haoise, agus nach mbaineann an sampla sin le paróiste *Colp*? (Pléifear réimse bhríonna **colpa** srl thíos).

Seachas na samplaí (50), (61), (64), is í an fhoirm dhéshiollach *Colpe* a fhaightear i gcáipéisí an Bhéarla sa 17ú agus san 18ú haois (51) - (60), (62), (63). Tá meascán d'fhoirmeacha aonsiollacha (67), (69), (70), (72) - (75), agus déshiollacha (65), (66), (68), (71), (76) le fáil i gcáipéisí na 19ú haoise, ach is í an fhoirm aonsiollach a sheas go dtí an lá inniu.

²⁶ Luann Joyce ARÉ mar údarás = Inbhear Colptha AM 5160. Tá tagairt do *Inbhear –Colptha* ansin, ach ní hé an scéal faoi bhá Cholptha atá san fhoinsé sin (AM 5160 ARÉ i:90).

²⁷ D'fhágas cuid mhór tagairtí cosúla istigh sa chomhad ar mhaithe le cuimsitheacht. Ní fiú tagairtí speisialta a dhéanamh dóibh ar fad sa phlé ar an logainm.

Infhilleadh an logainm de réir na Laidine sa 9ú haois, féach *Colpdi* (gin) (1) agus de réir na Gaeilge – féach *do Cholptu* (4), *do Colbdu* (30) a thaispeánann cáilíocht *u* an tseantuisil thabharthaigh, *for Colbtha* (3), *for Colbtha* (29), *for Colptha* (32), foirmeacha eile an tabharthaigh, agus féach *timchell Colbta* (5), *timchell Colpta* (31) a thaispeánann an tuiséal ginideach.

Tugtar comhthéacsanna éagsúla don logainm uaireanta, féach *ville de Colpe* (12), *villam de Colpe* (14), *Colpe Midensi* (27), *vil' de Colpe* (55), *villata de Colpe* (40), (41), *manerio/ manerium de Colp* (14), (34) sna cáipéisí Laidine agus blas na Fraincise le sonrú orthu uaireanta le húsáid an réamhfhocail ‘de’. Faightear samplaí den logainm i gcomhthéacs an Bhéarla, féach *English Colp*, *the English vill of Colp* (17), *Newton of Colpe* (41), *lands ... at ... Colke (recte Colpe)* (36) mar shampla.²⁸

Má ghlactar leis gur eilimint dhéshiollach atá sa logainm seo, b’fhiú breathnú ar shainmhínte foclóirí ag an bpointe seo lena chiall a fhiosrú. Tá an réimse seimeantach ‘stout, sturdy, stalwart’ ag **colpthe/ colpa/ calpa** ā fem. (DIL:328) agus tugtar **colpa coise** ar mheatán na coise atá taobh thíos den ioscaid, go comhaimseartha (WinGléacht). Níl an focal **colpa** mar logainm ar liosta na mball coirp a fhaightear i logainmneacha a chuir Ó Malfabhail le chéile (1985) ná ag Joyce/ Mac Mathúna (1989-90:146-47), ámh. Cé gur deacair cruth cholpa (coise) a fheiceáil ar chruth talún an pharóiste, ná ar chruth na Bóinne, de réir finscéal áirithe, cuireadh colptha an Mháta go dtí béal na Bóinne, mar a luafar ar ball.²⁹ Comharthaíonn na focail **colp(th)ach/ calpach/ calptach** (ā fem) ‘yearling heifer/ bullock’, agus is ainmhithe iad sin a bhíonn téagartha, cruadhéanta, bulcánta ag an aois sin. Tá dhá chiall ag Dinneen ar **Colpa** [> colp(th)ach, ní foláir] .i. ainmhí agus aonad féaraigh (1927:223).³⁰ Is sa chiall ‘a yearling heifer, a stirk, a cow’ atá an t-ainmhí mínithe aige, agus tá an bhrí chéanna tugtha in FGB (277). Ní dócha gur aonad féaraigh ná ainmhí atá i gceist leis an logainm seo, mar feidhmíonn sé mar logainm paróiste, a bhfuil 14 bhaile fearainn ann, an baile fearainn den ainm céanna, *Colp* ina measc.

²⁸ Frítheadh tagairt amháin do *Colpesland* le linn réimeas Sheárlas I [1625-1640] (Car I 64 Inq Lag), ach ní dócha go mbaineann sé le hábhar, mar tá na bailte fearainn *Ardhowly*, *Michelston*, *Ballyboggan*, *Trim*, *Ballysawe*, *Baltrasny* luaite sa cháipéis chéanna leis. Bhí *messuage* amháin agus 3 ½ acra talún i gceist le *Colpesland* agus b’fhéidir gur thagairt sé sin d’úsáid an talaimh le haghaidh colpacha a chur ar féarach.

²⁹ Arracht a bhí sa Mháta; cf. an cur síos air a tógadh as eagrán Stokes (1894: 292), fonóta 37 thíos.

³⁰ ‘**Colpa** *m* a bullock, a cow, a steer,; a full grown animal, whether cow or horse; taken as the unit for grazing animals, equivalent to six sheep...’ (*op cit*).

Traidisiún áitiúil na 19ú haoise

Dealraíonn sé gur chreid muintir na háite in 1838 gur ainmníodh an paróiste i ndiaidh Naomh Colpa, Albanach, mar a thairfead O’Conor:

Colp Parish is called by the Irish speaking people *Colp*, *Coilp* and *Colpa*. This name is said by them to have been taken from Saint Colpa, who was by nation a Scotchman,³¹ a fellow countryman of Saint Patrick. There was a monastery, it is said, at Colp, though there are no remains of it now ...³² (OSL:128).

Is cosúil go ndearnadh meascán mearaí sa traidisiún, ámh.³³ Tá teacht ar thagairtí do *mac Colpain* agus do *ingena Colbain* (CGSH 157, 709.94, *ibid*:160, 711.80)³⁴ ach ní thacaíonn dátaí *Sulien mac Colbán/ Colpán* leis an traidisiún - rugadh é *circa* 1014, agus níl aon dáta luaite le *hingena Colbain*. Níl aon *Colpa/ Colba* luaite sna foinsí *GRSH*, *Mart Gorm*, ná *Mart Tall*, ná *FO*, ná *Psalter and Martyrology of Ricemarch* ná in aon cheann de na hAnnála ARÉ, AU, AC, AI, ná Misc Ir A. Is amhrasach mar sin, go raibh a leithéid de naomh, Naomh Colpa san áit riamh.

Colptha sa Seanchas

Tá tagairtí go leor don laoch *Colptha* i litríocht na Gaeilge, mar shampla:

Rogenair Colptha in chlaoidim
hi nGlinn Gam a nGaothlaigib (LG v:124, 2826-7).

Agus Céitinn ag cur síos ar theacht Clann Mhíle go hÉirinn, insíonn sé gur

Gabhais Éireamhón, go gcuid don luingeas mar aon ris, lámh chlé ré hÉirinn go ráinig bun Innbheir Cholpa ré ráidhtear Droichead Átha. Is uime trá ghairthear Innbhear Cholpa don abhainn sin, do

³¹ Is é *Cairneach* an t-aon naomh is féidir a cheangal go deimhnídeach le hAlbain (CGSH:722.23:29).

³² Bhunaigh Hugo de Lacy an mhainistir *Sanctus Columba de Colp* sa 12ú haois, féach Caibidil 1, 4.4.

³³ Níl de cheangal le hAlbain de réir CGSH, ach go raibh máthair *Chairnigh* ina garínion le hEirc, rí Albain, féach *Pompa ingen Loairn m. Eirc [rig Alban] mathair Charnaig 7 (recte) Breccain m Shárain et Ronain m Sharain* (CGSH:722.23:29). Is *Dreccain (recte Breccain)* atá ar *logainm.ie*. Mar sin, sin-seanathair le *Cairneach*, a bhí ina rí ar Albain (gan aon bhaint a bheith aige le *Colpa*) ar thaobh na máthar de réir na foinse seo, ach cúpla glúin ina dhiaidh sin, de réir fhoinsí eile, bhain *Cairneach* le Briotáin na Fraince, féach *Donacarne* [7].

³⁴ Féach: ‘Macrad noeb hErenn in so síis ... Meic Colpain ... (*ibid*: 156-157, 709.94). Féach freisin: ‘Ingenrada noeb hErenn in so síis. ... Ingena Colbain’ (*ibid*:159-160, 711.80). Cuireann Ó Riain (1985) iad seo san innéacs faoin teideal *Other Irish Personal Names* seachas san innéacs faoi *Saints Names*, ámh.

bhrígh gurab innte do báthadh Colpa an Chloidhimh mac Míleadh...
(FFÉ ii:88).

Thagair Joyce do leagan an scéil sin agus é ag plé an logainm seo, agus deir sé:

... that part of the river was called from him *Inver Colptha* [Colpa] ... Colpa's river mouth. This name is no longer applied to it, but the parish of Colp, lying on its southern bank, retains the name with little change (1869:165).³⁵

Tá insint eile ar fad ar bhunús an logainm *Inbhear Colptha* le fáil sa Dinnsheanchas agus níl caint ar bith ar bhá Cholptha. De réir na foinse sin cuireadh ainm Cholptha ar an áit, mar gurb é *Colptha* an chéad laoch de laochra *Eireamhóin* a tháinig i dtír ag béal na Bóinne agus Eireamhóin ar fheachtas gabhála Éireann lena chlann mhac, féach:

Seolais hErimon, tricha long, lam des fri hErimn sair-tuaithe....Gabsat in Inber Colpt[h]a- .i. Colptha mac Miled, is e rogab port ar tus, combad e a ainm nobeth for in phort; unde Inber Colptha (LGÉ v:40, §397).³⁶

Chomh maith leis sin, tá an tríú finscéal sa dinnsheanchas a nascann scéal an *Mátæ*³⁷ le h*Inbhear Colptha*

i. dia robruiset fir Erenn baill in Matæ roslas i mBrug Meic in Óic for Lig Bend, co ro lasat iar mballaib i mBoind co riacht a colpta co hIndber Colptha et unde Indber Colptha dicitur... (Stokes:1894:329 [san eagrán digiteach]).³⁸

Féach freisin:

Lecht in Máthai iarna guin
léir fort a Bruig, breccas graig:
a chnáim rochorbai in muir

³⁵ Luann Joyce ARÉ mar údarás don scéal seo, ach níl an tagairt sin cruinn. Cé go bhfuil tagairt do *Inbhear-Colptha* faoin mbliain RC 5160 (ARÉ i:90), níl an scéal faoi Cholpa mac Mhílidh ansin.

³⁶ Is as lámhscríbhinní éagsúla a scríobhadh sa 14ú agus sa 15ú haois a thagann an scéal seo, féach an Réamhrá atá ag Mac Allister (LGÉ, *op cit*). Tá difríochta beaga sna lámhscríbhinní éagsúla ina bhfuil teacht ar an scéal, féach: ‘Gabais inber Colbtha [Lsí eile: Gabaid inber Colba] .i. Colbtha [Lsí eile:Colba] mac Miled rogab in port prius, et unde Indber Colba dicitur’ (LG v:98-100, §466).

³⁷ Seo cur síos ar an ollphéist: ‘In béist ro-buí for Licc bend,/secht fichit coss, cethri chend ;/ ro-siacht a colpa as cach áitt ; ro-slig bóand corbo glend /in béist dia ro-fhás in cael,/diamsat h-heol i n-ilib óc,/in míl ingnad/ ro-gab tass,/ro-s las i m-bruig meic ind óc’ (Met Dind ii:20 Rannta 3 agus 4, línte 9-16).

³⁸ <https://archive.org/stream/revueceltique15pari#page/n7/mode/2up>

diatá Inber Colptha cain (Met Dind ii:12, 25-28).

Is scéalta dinnsheanchais iad sin, ar ndóigh, atá bunaithe ar an bpearsa miotaseolaíoch *Colptha*, a thugann a ainm do *Inbhear Cholptha* ach an oiread leis na logainmneacha Ceilteacha a bhfuil an phearsa mhiotaseolaíoch *Lug* nó an treibh *Brigantes* le sonrú iontu, mar atá le fáil ar fud na hEorpa i logainmneacha éagsúla, Londain Shasana, *Lyons* (An Fhrainc), *Bregenz* (An Ostair), *Brianza* (An Iodáil), mar shampla. Sainítear *Brigantes* mar ‘brí’ sa chiall ‘eminence’ uaireanta (O’Rahilly 1946:38).³⁹ Pearsa mhiotaseolaíoch eile a bhí i g*Colptha*. D’fhéadfadh sé gur cuireadh an t-ainm sin air, mar gur bhain na cáilíochtaí ‘stout, sturdy, stalwart’ leis, agus go mba shin bunbhrí a ainm. Dá mba rud é gur aonad féaraigh ná ainmhí a bheadh i gceist leis an logainm seo, atá ag feidhmiú mar ainm paróiste, chomh maith le logainm ar bhaile fearainn (a roinneadh níos deireanaí ina dhá chuid, *East Colp* agus *West Colp*) bheifí ag súil leis, gur san uimhir iolra a bheadh sé scríofa agus ní mar sin atá. Is fiú breathniú ar shampla den ainm mar a fhaightear sa litríocht é agus déanfar sin anois.

Tá go leor tagairtí don logainm *Inbhear Colptha* sna foinsí Gaeilge, féach:

- 9ú haois: Inber Colptha (LL iii:584, 144b, 18059)
cu Inber Colbtha (LL 144b, 18062 *ibid*), (Meyer [1910] 1937:48)
co Inber Colbtha (Meyer *ibid*)
- idir 1187 & 1208: lár cael Colptha (Ó Cuív 1956-7:283-301, Rann 18
[as LFhM])
- 14ú haois Inber Colptha cain (Met Dind ii, Rann 12, 28)
- c 14ú haois: Inber Cholptha chrúaid (Met. Dind. iv, 144, 5)
- idir 1092 - 1326⁴⁰ co hInbber Colptha (AI 48, §75)
ó Inbiur Cholbthae (AI:10, §75),
- 12ú - 14ú haois: O Indber Cholptha *ibid* iv:6 §279 [as F = LFhM]
Indber Colptha *ibid* iv:14 §286,⁴¹
Inber Colpa *ibid* iv:28 §295
co Hinbber Colptha *ibid* iv:72 §LII: Rann 3, líne 3.⁴²

³⁹ So the *Brigantes* take their name from **Brigantí* ‘the high goddess’) ... of which the Irish counterpart is *Brigit* (goddess and river name), < **Brigenti* ... latinized *Brigantia* (*op cit*).

⁴⁰ Féach Réamhrá AI vii-viii < Rawl B 503 agus

<http://image.ox.ac.uk/show?collection=bodleian&manuscript=msrawlb503>

⁴¹ Cholptha D [= Stowe D.4.3], Colba E [= E.3.5 no.2 in TCD]

⁴² Hinb- F = LFhM, Hindbear M = Lec, second text

Ó tráig Inbir Colptha (*ibid* iv:74 §LII: Rann 4, líne 1)
in Inbiur Colptha (*ibid* v:56 §418)⁴³
an Inber Cholptha (*ibid* v:82 §445)
Gabsad an Inber Cholptha (*ibid* v:86 §446)
Gabais Inber Colbtha.i. Colptha mac Míled rogab in port *prius*,
et unde Inber Colba *dicitur*. (*ibid* v:100 §467)
Colpa an Indber Cholptha chóim (*ibid* v:LXXXII, Rann 2, líne 1).
Do ranta Éri eaturru ó Indber Cholpth co luimneach ceachtarde as a dá ndún;
i. Dún Sobairche 7 Dún Cearmna (*ibid* v: 212 §507)
Ro rannad trá Ériu iar sin etir Cerma 7 Sobairce, iss iat
o Inber Colpa co Luimnech,
cechtarde asa dún .i. Dún Sobairce, 7 Dún Cerma (*ibid* v: 264 §551).
Ran(n)ta Heriu iar sein eter Cerma 7 Sobairchi ó Inbiur
Colbthae co Luimnech (AI:10§75).⁴⁴

Is mó an fhéidearthacht gur fhás an logainm *Colp* as na scéalta miotaseolaíochta i insíodh faoi Cholptha mac Míle. Tharlódh gur ar cháilíochtaí a fhornirt agus a bhrí a bunaíodh a ainm siúd.

Mar fhocal scoir, is fiú a lua go raibh *Conall mhic Gleo Glais* ina chónaí i nDún *Colpa* sa scéal *Mescad Uladh* (Ó Cadhlaigh 1955:141, 142, 154, 155).

Conclúid

Cé go bhfuil líon mór samplaí den logainm aonsiollach le fáil sna luathcháipéisí Laidine, má thógtar fianaise na Gaeilge san áireamh, dealraíonn sé gur logainm déshiollach atá anseo.

Cé go bhfeilfeadh *áit féaraigh* mar chur síos tíreolaíoch ar na bailte fearainn *Colp East* agus *Colp West* go comhaimseartha, bheadh níos mó ná *colpa* amháin i bparóiste *Colp* agus níor aimsíodh aon rian den iolra *colpaí* ar an bhfianaise a bailíodh don staidéar seo. Mar sin, ní dócha gur ‘aonad féirigh’ nó ‘áit féaraigh’ nó ‘collop grazing’ atá mar bhunús an logainm.

⁴³ Indber E [= E.3.5 no.2 in TCD], Inber R, Colptha E [= E.3.5 no.2 in TCD], Cholptha D [= Stowe D.4.3], Colptha R [= Rawl B 512 in Bodleian Library].

⁴⁴ Scríobhadh annála na mblianta 1092 -1214 agus 1258 -1285 ‘contempor[aneously]’ (AI:xxxi). Tá lámha ann ón 15ú agus ón 16ú haois freisin (*ibid*:xli).

Níl fianaise sna foinsí dúchasacha go raibh aon bhaint ag an naomh Albanach *Colpa* le Pádraig.

Is ar an mbruach theas d'*Inbhear Colptha* atá cuid de theorann thuaidh an pharóiste *Colp*. Ceanglaíonn dhá fhinnscéal atá le fáil i lámhscríbhinní éagsúla *Inbhear Colptha* le *Colptha mac Mílidh*, mac le *hEireamhóin*, an chéad laoch a tháinig i dtír ag béal na Bóinne. De réir an tríú finscéal, cuireadh colpa an mháta suas go *hInbhear Colptha* tar éis d'fhir Éireann a bhaill a bhriseadh 'for Lig Bend', .i. ar leac Beann.

Tá cuid den bhaile fearainn *Colp*, Damh Liag Íochtarach i gContae Lú (agus tá an leagan Gaeilge *Colpa* deimhnithe dó ag an SO (*logainm.ie* 2010). B'fhearr **Colptha* (i ndiaidh *Colptha mac Míleadh*) seachas **Colpa* a thabhairt ar an mbaile fearainn i nDamh Liag Íochtarach ámh, mar níl aon bhaint aige leis an mball coirp, ná leis an aonad féaraigh, ná leis an naomh Albanach mar a léiríodh thuas.

Barúntacht: Damh Liag Íochtarach

Paróiste: Colp

[7] **DONACARNEY GREAT**

[7] **DONACARNEY LITTLE**

*Domhnach Cairnigh Mór (ainm neamhdheimhniithe, *logainm.ie* 2009)

*Domhnach Cairnigh Beag (ainm neamhdheimhniithe, *logainm.ie* 2009)

***Domhnach Cairnigh Theas**

***Domhnach Cairnigh Thuaidh** (roghanna an taighdeora **2014**)

- | | | | |
|-----|-------------------------|---|--|
| 1) | [12ú haois] | [ó Dhomhnach Ceirne ¹] | Mart Gorm:240, December 18,4, fonóta 4 (<i>logainm.ie</i> 2010) |
| 2) | ? | Domhnach-Cairne | 7 bps of Ll. 374 11062
7 sts of LB 24. TS 1 <i>logainm.ie</i> 2010 ² |
| 3) | c1230 - 34 | Duuenacharny ³ | LXVIII Carta eiusdem Walteri de omnibus beneficiis et terriis in Midia ICL:83 |
| 4) | c1300 | Douenachkerny ⁴
Douenachkerny | CGR:172 f.221
Quitclaim <i>ibid</i> : f.221 |
| 5) | ?1342 - 43 | Douenachkerny | <i>ibid</i> :172 f.221 |
| 6) | 1343 | Douenaghkerny | License to enfeoff <i>ibid</i> :173 f.221d |
| 7) | ?13ú haois ⁵ | Donaghkerni/
Donackerni | CGR:8 f. 6 d. ⁶ |
| 8) | 1380 | Donaghkerny X 2
Donaghkerny X 2 | 1.Entail <i>ibid</i> :59 f. 73d.
Charter <i>ibid</i> :60 f. 74. |
| 9) | 1387 | Donaghkerny | Rot Pat 108:133b (<i>logainm.ie</i> 2010) |
| 10) | 1400 | Donaghkerny | Rot Pat 65:157 (<i>logainm.ie</i> 2010) |
| 11) | 1403 | Donaghkerny
Donaghkerny | Rot Pat 12:166b
Rot Pat 95:174b (<i>logainm.ie</i> 2010) |

¹ ‘Segnat min gl.4: ógh ó Dhomach (*sic*) [*recte* Dhomhnach] Ceirne’ (*op cit*).

² Is í an tagairt a d’éirigh liomsa a aimsiú ná: ‘Nomina episcoporum Hiberninsium insipiunt E Patricus... E Cairne’ (CGSH:133-5, 704.274). Níl an tagairt seo in LL vi (O’ Sullivan vi, 374 a ar lean).

³ *Dunecherney* (*sic*) (AL:3: 8) atá ar chóip Bhrodigan (cf. an Réamhrá), agus an noda scaoilte mar a leanas: ‘Copy of translation of Charter of Walter de Lacy reciting and confirming a grant made by Hugh his father of various churches & lands in Ireland’ (AL:42, féach *OS 88 Meath* atá sa Chartlann Náisiúnta). Féach freisin ‘In his charter of 1230-4, Walter de Lacy records Donacarny in Mornington for the first time...’ (AH 2008:158). Féach freisin: ‘Charter of confirmation of Walter de Lacy son of Hugh de Lacy.’ (*ibid*:288)

⁴ ‘Simon de Geynvill ...to receive ...Douenachkerny ... gift ... mother ... father’ (*op cit*).

⁵ Is é AD 1234 dáta na hiontrála roimh shampla (7) sa Tábla thuas, agus tá an dáta 1290 ar an 3ú hiontráil ina dhiaidh sin, ach níl na hiontrálacha in ord cruinn croineolaíoch. Scríobhadh CGR idir 1175 agus 1397.

⁶ ‘**Donaghkerni**. Memorandum that there are at **Donackerni** in demesne 151 ½ acres and one stang sown in the year lii.; and 70 acres of fallow....21 acres, 3 stangs of meadow, 97 ½ acres of pasture... 6 acres, 1 stang of crofts which farmers hold ... and said farmers hold in outside land (*de terra forinseca*) 84 acres, 1½ stang ...’ (*op cit*).

12)	1403 - 04	Donaghkerny	Rot Pat 16:176b (<i>logainm.ie</i> 2010)
13)	1404	Donaghkerny	Rot Pat 21:179a (<i>logainm.ie</i> 2010)
14)	1407 - 08 ⁷	Donaghkerny	Rot Pat 73:186a (<i>logainm.ie</i> 2010)
15)	1408	Downaghkerny	CLXV Extenta omnium possessionum prioris... ICL:181
16)	1409 - 10 ⁸	Donaghkerny	Rot Pat 7:194b (<i>logainm.ie</i> 2010)
17)	1409 - 10	Donaghkerny	Rot Pat 42:195b
18)	1410 - 11	Donaghkerny	Rot Pat 5:197b
19)	1422	Donakerny	Rot Pat 119:221b (<i>logainm.ie</i> 2010)
20)	1422-23	Donaghkerny	16 mar Hen.VI anno 1 Rot Pat 84:228b
21)	1423	Donaghkerny	Rot Pat 84:228b (<i>logainm.ie</i> 2010)
22)	1426	Donaghkerny	Rot Pat 2:241a (<i>logainm.ie</i> 2010)
23)	[1448]	Downaghkerny	ICL:181
24)	1536– 37 ⁹	Donakernie	Inq. Hen.VIII Navan (Brodigan):AL:3,8
25)	1540 - 41	villata de Donnakerne	CSL 1992:34 Possessiones ... prioratum de Lanthony in Anglia ... Rectoria de Colpe
26)	1540 - 41	Donakerny	XXIX. Cells of Duleek and Colpe ... Lanthony in England. IMP:315 (TS <i>logainm.ie</i> 2010)
27)	1568	Donocarney	Eliz 44/28 ¹⁰ CI 1991:192
28)	1607	Donakerne Donakerne Donakerny x 2	J1 49 (Ón mBetham MSS, College of Arms) CI 1991:344, féach freisin fonótaí (2), (4), (10)
29)	1624	de vil' de Dunakerny Donakearney ¹¹	Jac I: 70 Inq Lag
30)	1629	Donekernie	Deed A 42 CI 1991:455
31)	1633	vil' de Donakerny Donakerny Donakernye	Car 1 (83) <i>ibid</i> [vil' de Donakerny ar lár ar TS <i>logainm.ie</i> 2010]
32)	i	Donoghkerny	Car I 157 <i>ibid</i>

⁷ '4 Apr anno 8 Hen IV' = 1407, mar de réir *Regnal Year Calculator* thosaigh an bhliain ar 'March 25' ó thaobh an dlí de (*legal year*). 1408 atá ar *logainm.ie* 2010.

⁸ > 'Rotulus Patens de anno 11 Hen IV' (*op cit*).

⁹ 1536 – 37 is ea dáta na bunchóipe den 'Copy (Thos Brodigan Esqre of Billtown) of Inquisition held at Navan on the 12th January in the 28th year of King Henry the 8th'. Tá an noda scaoilte ar AL:43. Ní fios cén uair a tógadh an chóip seo a bhailigh Ó Donnabháin sa 19ú haois, cf. an Réamhrá.

¹⁰ 'On 8 Nov 1567 Thomas Waringe, granted to ... & John Clyche of **Donocarney** 2 mes., a dovecot & 30^a. in Kilberry ...' (*op cit*). [Kilberry = Cill Bhearaigh, Paróiste agus baile fearainn atá i mbarúntacht Machaire Gaileang].

¹¹ *Donakearney* fágtha as TS *logainm.ie* 2010, *Dunakerny* atá cláraithe ar an suíomh. Tá taifead déanta freisin ar *Donnacarny* [BÁC] go hearráideach ar *logainm.ie* 2010, féach *recte* Car I 61A, líne 18 Inq. Lag.

- ndiaidh Donakerny
1640
- 33) [i Donoghkerny Car I 160 *ibid* 9 Oct Navan [gan bhliain]
ndiaidh Donakerny (*logainm.ie* 2010)
1640¹² Donakearney
c 1640] Donaghkerny
- 34) 1654 - Dunicarny CS:4 (X 3), 48
56 Duncarny 4
Donycarney 4
- 35) 1655-9 Dony Carny ls BN Goblet:193
- 36) 1657 Donycarney 6 DS An Index of Townes Names with the
pages where to find them.
Donycarney Cur síos ar an bparóiste *Colpe* agus ar na BF ‘forghéillte’
Duncarny nó glactha i seilbh na Sasanach.¹³
Donycarney The Parrishes of Killcarvan Colpe & Julianstown
by Wm Farrand. An exact copy by Dan¹ O Brien Surv^r
- 37) 1659c Donaghcarny Census :481
- 38) 1662 Donnycarney ASE (Brodigan): AL:3, 8,¹⁴ (*logainm.ie* 2010).
Donnycarney
- 39) c1668 Donycarney 17 BSD Index
Donycarney *ibid* 17, 1663 sa téacs
- 40) c1672 Donnycarney ls HD Goblet:193
- 41) ?1697 Little Donnagh Quit Rents (Old Copy):AL:8
Carney
- 42) 1786 Donnygarney Archdall Mon Hib (White):529
- 43) 1787 Donagarney X 2 (Sheppard):AL:3/ 8 Map of Betaghstown
belonging to Sheppard esquire date 1787.¹⁵
- 44) 1812 Doneycarney Co. Map 1812:AL
- 45) 1824 Great Duncarney HCSV: AL:3
- 46) [1824] Little Duncarney HCSV: AL:8
- 47) 1824/-26¹⁶ Donecarney HC Educ. Rpt.1826/1824 AL:3/8
- 48) 1829 Duncarney Little BS:AL:8
- 49) 1829 Duncarney Great BS:AL:3

¹² Féach na dátaí: ‘Car I 155 Trym 14 Jun’ 1640’. An chéad dáta eile: ‘Car I 163 Trym 6 Maiii 164[]’.

¹³ ‘The Parrish of Colpe ... contains ... tnlds ... Donycarney ... there is a great strong House in repair and a Corn mill and a Habitable Castle and a Farm House in Duncarny ...The total of forfeited lands is... Donycarney ‘ (*op cit*). Tugtar tomhas an bhaile fearainn in acra, péirsí agus stanga ar an léarscáil, féach ‘Donycarney 130:3:0’.

¹⁴ Scaoileadh an Noda mar a leanas: ‘From copy ... (Brodigan) ... taken from the book of forfeitures & confirmed by the Act of Settlement of 1662 or 12th Charles 2nd (AL:46). [Charles 2nd 1660-1685]’.

¹⁵ Féach Long Map 1787 = ‘Sheppard’ (TT *logainm.ie* 2010).

¹⁶ 1824 atá in AL:3; 1826 atá in AL:8; 1836/1830 - 40 atá ar TT *logainm.ie* 2010.

- 50) [c1830] Donnecarney Great TCB AL:3
- 51) 1836 Donecarney JOD:AL ‘Popular spelling’
- 52) [1838] Dunnycarney Great Tandy, B¹⁷:AL:3
- 53) [1838] Dunnycarney Little Tandy, B:AL:8
- 54) Duncarney Great GJ Rates (Old Docket) AL:3
- 55) Little Dunycarney GJ Rates (Old Docket):AL:8
- 56) 1836 Donacarney Little OD:AL/ JOD:AL TS *logainm.ie* 2010
‘Dunagarney ...?’
name’
- 57) 1835/6 Donacarney Is SO
revised
1899
- 58) [1838] Dúna Géarnaigh JOD AL:3 (TT *logainm.ie* 2010)
Dun na gCearnaigh *ibid*
‘fort of the Carneys’
Dún Átha Gearraigh Peann luaidhe *ibid*
- 59) [1838] Dún Arnaigh JOD AL:3 Peann luaidhe (TT *logainm.ie* 2010)
- 60) 1928 Domhnach-Cairne¹⁸ Ó Meachair:133
- 61) 16/12/ Domhnach Cairnigh SO *logainm.ie* 2010
2002
- 62) 2010 ,dʌna'karni fogharscríobh, Paddy Lenihan
2014 'dʌna'karni Damian Mc Daid

Tá na hainmneacha *Donacarney Great* agus *Donacarney Little* ar dhá bhaile fearainn i bparóiste Cholptha/ *Colp*, barúntacht Dhamh Liag Íochtarach, Contae na Mí. Is mar fhocal aonar atá *Donacarney* le fáil go stairiúil, (níor frítheadh ach sampla amháin *Dony Carny* (35) a scríobhadh ag deireadh na 17ú haoise, ina bhfuil an dá mhír scartha óna chéile) agus é cáilithe le *Little*. Cáilítear na leaganacha éagsúla de *Donacarney* le *Great* nó le *Little* go rialta ón 19ú haois ar aghaidh. Ag díriú airde ar dhéanamh *Donacarney*, dealraíonn sé gur logainm dhá eilimint atá ann – *Duuena?ch-* / *Douenach-* / *Douenagh* / *Donagh-* / *Donac-* / *Downagh-* / *Donna-* / *Dona-* / *Dono-* / *Duna-* / *Dune-* / *Duni-* / *Dony-* / *Donny-* / *Doney-* / *Dun-* / *Done-* / *Donne-* / *Dunny-* / *Duny-* agus *-ch?arny-* / *-kerny-* / *-kerni-* / *-kerne* / *-carney-* / *-kearney-* / *-karny-* / *-carny-* / *-kernye-* / *-kearny-* / *-kernie-* / *-garney-*.

¹⁷ Glacaim leis gur *esquire* áitiúil a labhair le JOD in 1838 atá in Tandy B.

¹⁸ Cuireadh an ghluais ‘Church of St. Cearnaigh’ leis seo (*op cit*).

Dealraíonn sé gurb é DOMHNACH céad-eilimint an logainm seo, (féach Caibidil 3, 3.2). Ag breathnú ar na foirmeacha Laidine ar dtús, is iad *Duuenach-* (3),¹⁹ *Douenach-* (4), (5), agus *Douenagh-* (6) ón 13ú agus ón 14ú haois, na foirmeacha is luaithe a aimsíodh i dhá fhoinsé éagsúla. Dealraíonn sé go bhfuil trí shiolla, nó dhá shiolla le défhoghar léirithe sa chéad shiolla in (3) - (6) thuasluaite. Is cosúil go raibh consan coguasach cuimilteach neamhghlórtha [x], (nó *-ch* sa litriú) ag deireadh na heiliminte, a athraíodh go *-gh* sa litriú i gcás (6). Ina dhiaidh sin, sa 15ú haois, tháinig leagan déshiollach chun cinn, agus coinníodh an consan coguasach cuimilteach ag deireadh na heiliminte, a léiríodh mar *-gh-* sa litriú - féach *Donagh-* (7) - (14), (16) - (18), (20) - (22) agus *Downagh-* (15), (23).

Níor léiríodh ach sampla amháin sa 15ú haois a bhfuil athrú nua le sonrú inti .i. *Dona-* (19) a bhfuil an *-gh-*, ag deireadh na chéad eiliminte ligthe i léig. Tháinig an fhoirm sin chun cinn sa 16ú haois agus sa 17ú haois - féach *Don(n)a-* (24) - (26), (28), (31), *Dono-* (27), *Duna-* (29) agus *Done-* (30). Cé go bhfuil teacht ar *Donogh-* (32), agus *Donagh-* /*Donagh-* (33) i gcáipéisí na 17ú haoise, is eisceachtaí iad sin, agus tá foirm choitianta na haoise *Dona-* (32), (33) ina bhfágtar an *-gh* ar lár, scríofa sna cáipéisí céanna (32), (33) chomh maith.

Is foirmeacha déshiollacha atá sa chuid is mó de na foirmeacha a bailíodh as cáipéisí Béarla, gan aon rian den chonsan coguasach le feiceáil iontu, féach *Do[n]na-* (28), (43), (56), (57), *Don[n]e-* (30), (47), (50), (51), *Duni-* (34), *Don[n]y-* (35), (36), (38) - (40), (42), *Doney-* (44), *Dun[n]y-* (52), (53), (55). Tá dornán d'fhoirmeacha tamhanta sna samplaí a bailíodh freisin - féach *Dun-* (34), (36), (45), (46), (48), (49), (54) ina bhfuil an dara siolla cailte agus gan aon rian den chonsan coguasach le feiceáil níos mó. Maidir leis na heisceachtaí *Don[n]agh[-]* (37) agus (41), baineann siad le cáipéisí a tógadh ó bhéal na ndaoine sa 17ú haois agus is é (41) an t-aon sampla a bhfuil an dá eilimint *Donnagh* agus *Carney* scartha óna chéile. Mar sin, dealraíonn sé go raibh an consan coguasach fós coitianta i labhairt na ndaoine, mar is ón *Census* agus ó cháipéis chíosá chuitigh a bailíodh na foirmeacha sin. Tagraíodh cheana do neamhiontaofacht fhoirmeacha Bhrodigan, ach is spéisiúil í an fhoirm *Dunecherney* toisc go gcaomhnaíonn sí an consan coguasach (cuimilteach), bíodh is go mb'fhéidir go bhfuil sé sin comhshamhlaithe le tús na dara heiliminte.

¹⁹ Is deacair an chéad eilimint a scaradh ón dara heilimint san fhoirm seo; dealraíonn sé go bhfuil *-ch#* na chéad eiliminte agus *#ch-* na dara heiliminte comhshamhlaithe.

Caomhnaítear dhá shampla de chuid na 18ú haoise consan coguasach (ach gur consan pléascach é, an cháilíocht chuimilteach cailte aige) sa logainm: is iad sin *Donnygarney* (42), ó Archdall (a bhfuil *g* curtha ag tús an cháilitheora) agus *Donagarney* (43) a tógadh as léarscáil áitiúil. Is furasta (42) a mhíniú, nuair a chuimhnítear go mbeadh fáil ag an údar - fear eaglasta - ar sheancháipéisí Laidine, ina bhféadfadh an consan coguasach a bheith caomhnaithe (ag coilínigh nach raibh an fhóinéim [x] ina máthair theanga), mar a pléadh sa Réamhrá. Chomh maith leis sin, is cosúil gur labhair Archdall le daoine agus é i mbun *Monasticon Hibernicum* a réiteach chun cló, mar deir sé:

Donnygarney ... here are some ruins of a religious erection,
which, according to oral information was once a nunnery; (42).

Tá tábhacht ar leith ag baint le sampla (43) *Donagarney*, mar tógadh ó léarscáil áitiúil é, agus bheifí ag súil go mbeadh gnás labhartha na ndaoine caomhnaithe ina leithéid d'fhoinsé. Más fíor sin, tugann sé le fios go raibh consan coguasach de shaghas éigin²⁰ fós i gcaint na ndaoine san 18ú haois freisin.

Maidir le dara mír an logainm, seo mar atá an fhianaise sna cáipeisí Laidine: - *charny* nó -*arny* (3) -*kerny* (4) - (6), (8) - (23), (26), (28), (29), (31), (32), (33), *kearn[e]y* (29), (33), -*kerne* (25), (28), - *kerni[e]* (7), (24).

Seo mar atá an eilimint sna cáipeisí Béarla: -*kernie* (30), -*carn[e]y* (27), (34) - (41), (44) - (57) -*arney* (42), (43) (murar comhshamhlaíodh consan coguasach na chéad eiliminte le tús na dara heiliminte).

Ós rud é gurb é DOMHNACH céad-mhír an logainm, bheifí ag súil le hAINM NAOIMH mar cháilitheoir. Tá logainm cosúil - *Donnycarney/ Domhnach Cearna* ar bhaile fearainn atá i bparóiste Chluain Torc, barúntacht An Chúlóg, i dtuaisceart Bhaile Átha Cliath. Is é 'Séipéal C....' ('C....'s church') atá i gceist leis an logainm sin, ach an oiread le *Donacarney*, paróiste Cholptha/ *Colp*. De réir Joyce:

both names [Donnycarney, Donacarney] signify
Cearnach's church (1969:320)

ach mar a léireofar thíos, tá teacht ar dhuine darbh ainm *Cairnech* sna foinsí dúchasacha freisin, chomh maith le *Cearnach*. Mar sin, caithfear a fhiosrú cé acu a bhaineann le

²⁰ Consan pléascach atá léirithe san fhoinsé seo, ach d'fhéadfadh sé gur consan cuimilteach a bhíodh á rá ag an am, agus nár thug an scríobhaí gné chuimilteach an chonsain faoi deara.

logainm paróiste Cholptha/ *Colp* i gContae na Mí. Bheifí ag súil go bhfaighfí tagairt do naomh nó d'fhear eaglasta a mhair idir an 5ú agus an 7ú haois, tráth a raibh DOMHNACH bisiúil i logainmneacha, féach Caibidil 3, **3.2**. Pléifear an t-ainm *Cearnach* ar dtús.

Tá thart ar 37 *Cernach* éagsúla luaite in innéacs AU idir na blianta 664 agus 1057. Níor mhair ach duine amháin díobh roimh thús na 7ú haoise: *Cernach Sotal mac Aeda Sláine* a d'éag sa bhliain 664 (AU i:118), agus tá tagairt eile dó i gcomhthéacs bhás a mhic, a maraíodh sa bhliain 700 (*ibid*:150). Ní dócha gurb eisean an *Cernach* atá luaite i gcáilitheoir an logainm *Donacarney* toisc nach raibh aon bhaint aige leis an eaglais, agus bheifí ag súil go mbeadh baint aige léi, ós rud é go bhfuil DOMHNACH mar chéad mhír sa logainm (féach Caibidil 3, **3.2**).

Tá dornán fear eaglasta darbh ainm *Cearnach* luaite in ARÉ - féach *Cearnach mac Suibhne*, príóir Arda Macha, a d'éag san 8ú haois (779 [*recte* 784] ARÉ i:384), *Cearnach mac Flainn*, ab Léire, a d'éag sa 10ú haois (919 ARÉ ii:604) agus *Cearnach, aistire (Ostiarius)* Cluana mic Nóis, a d'éag san 11ú haois (1028 ARÉ ii:816) – ach is léir gur mhair siadsan i ndiaidh ainmniú na háite, agus i ndiaidh na tréimhse a raibh DOMHNACH bisiúil i logainmneacha. Mar sin, ní dócha gur ainmníodh i ndiaidh aon duine acu siúd *Donacarney* na Mí.

Maidir le *Cairnech*, an t-ainm eile, aimsíodh thart ar fiche tagairt do *Cairnech*, Briotanach, a bhain le misiún Phádraig, arbh í an ceann is luaithe díobh an tagairt do

438 triur naomh ... Padruicc, Benen ⁊ Cairnech

in ARÉ sa 5ú haois ina bhfuil insint ar an gcaoi ar tugadh

seanchus ⁊ Feneachus na hEireann [chucu] do
ghlanadh ⁊ do scriobhadh (438 ARÉ i:132-4).

Faightear scéal faoin tairngreacht a rinne *Cairneach* ar bhás an rí Muircheartaigh sa bhliain 526 mar a leanas:

Oighidh Mhuircheartaigh Mhoir mic Earca
(526 ARÉ i:172-4)

agus tá insint ar an gcaoi ar thug *Cairneach* a mhíosach do Chlanna Néill c530 le go mbeadh rath orthu i gcathanna (Ó Curry 1995 (1861):600).²¹ Luaitear *Cairneach* an naomh i scéal ina bhfuil Naomh Cianán de Dhamh Liag luaite freisin (FO: 244-6, §24).²² Luaitear

Cairnig.i. a Tuilen. Cairnech do Bretnaib Corrn dó
(FO:132)

agus

Cairnig o Thuilén²³ (Mart Tall:43, May 16)

(a bhfuil an chosúlacht air go raibh a phríomh *Dhomhnach* i dTuilén, Co. na Mí) arís agus arís eile sna féilirí, sna hannála agus san fhilíocht dhúchasach.²⁴ Deir Ó hÓgáin:

Cairneach (known in British records as Carantoc)
was definitely historical (1991:310).

Mar sin, ós rud é gur fear eaglasta naofa a bhí sa Chairneach seo, a mhair sa 5ú haois, a luaitear le Pádraig, dealraíonn sé gurb eisean an *Cairneach* a bhfuil a ainm luaite i gcáilitheoir an logainm *Donacarney*/ *Domhnach Cairnigh* (60).

Maidir leis na samplaí Gaeilge, is sampla earráideach é *Domhnach Ceirne* (1) a bhfuil #C' sa túslitir seachas #C leathan. Dá mba rud é gurb é *Ceithearnach*/ *Cernach*, a mhair sa 9ú haois a bheadh i gceist leis an gcáilitheoir *Ceirne* (1),²⁵ bheadh seisean ródheireanach le bheith mar cháilitheoir an logainm - ar ndóigh níl aon *Ceithernach* le fáil roimh an 8ú haois de réir AU (iv:53, innéacs).

Is san fhoirm *Cairne* a fhaightear an t-ainm in CGSH (135, 704.274), agus é ar liosta *Nomina episcoporum* (133), ach is deacair dáta a chur ar an tagairt sin. Is é *Domhnach-Cairne* (2), an leagan is luaithe den logainm atá ag an SO (*logainm.ie* 2010) agus tá an leagan seo ag Ó Meachair (59) freisin. Maidir le foirmeacha Gaeilge na 19ú haoise, is cosúil nár labhair Ó Donnabháin, ná O'Conor le haon Ghaeilgeoir in

²¹ Tá 'Le *cumdach* de Calendrier de Cairnech, appelé ... *Miosach*' ar caomhnú i gColáiste Naomh Columba i Ráth Fearnáin i gContae Bhaile Átha Cliath anois (Gougaud 1913:36).

²² Scéal faoi fholcadh míorúilteach i bhfolcadán gan bonn is ea ceann de na scéalta, agus is insint ar athadhlacadh *Niall Nóigiallaig* i dTuilén atá sa scéal eile. Deirtear gurb é sin an chéad adhlacadh a rinneadh i *Tulén* (*ibid*).

²³ Cuireadh an ghluais 'Chuilén' *Facs* [= LL *Facs* 1880] 'Cairnech from Tuilén' (*ibid*, fonóta 6) leis seo.

²⁴ Féach: '*Maius 16*, Carnech coemhc[h]end crabaid' (FUí G:98). Féach freisin: 'Tuilein. do Bhreathnaibh dó' (*ibid*:fonóta 7). 'Cairneach do Breatnaib Coren do' (CGSH :58, 381.1 (TS *logainm.ie*). Féach freisin: 'coimhthionól Chairnigh' (Carney 1943:6,146). Luaitear comharbaí Chairnigh freisin, (cf. 943, 967 ARÉ ii :654, 690 mar shampla). Féach freisin 'mathair Charnaig' (CGSH:722.23:29).

²⁵ Tá dhá *Ceithearnach* eile luaite in ARÉ .i. 'Maolumha, mac Cethernaigh, prioir Fionnabhrach' (827 ARÉ i:442) agus 'Ceithearnach mac Dunchon, scríbhneoir, saccart agus eccnaidh Arda Macha †829' (829 *ibid*:442). Féach feisin AU: 'Cernach mac Duncon scriba et sapiens sacerdos Airdd Machae pausauit' (*recte* 830 AU i: 328) [*erratum* AD 831 atá tugtha san innéacs].

*Donacarne*y sa bhliain 1836 agus iad i mbun taighde sa cheantar sin. Ba é Thomas O’Conor a thug cuairt ar pharóiste Cholptha/ *Colp* agus a thairfead

It is also said, there was a Monastery in Dunagarney T.L.
(OSL:128).

Is mar chuid dá thuairisc ar pharóiste Cholptha/ *Colp* a bhaineann an blúire beag téacs thuasluaite, a sheol O’Conor chuig an SO. Ní luaitear dáta leis, ná leis na tuairiscí eile a scríobh sé ar áiteanna i bparóiste Cholptha/ *Colp* (OSL 104 - 149).²⁶

Is léir ó na samplaí Gaeilge a thairg Ó Donnabháin a bhfuil teacht orthu san Ainmleabhar, gur buillí faoi thuairim atá iontu,²⁷ mar ní réitíonn ceachtar den cheithre mholadh éagsúla a thugann sé lena chéile, féach *Dúna Géarnaigh/ Dún na gCearnaigh/ Dún Átha Gearraigh* (58)²⁸ agus *Dún Arnaigh* (59).²⁹ Cé nach bhfuil cinnteacht ann go raibh Ó Donnabháin fiú i bparóiste Cholptha/ *Colp* sa bhliain 1836, tharlódh gur shamhlaigh sé an eilimint DÚN sa logainm *Donacarne*y mar go bhfuil fothracha caisleáin mheánaoisigh le feiceáil in *Donacarne*y Little (OSL AICM: 170, §1730), agus ar ndóigh is *Dun-* a bhí scríofa ar an BS (48), (49).

Is cosúil gur i ndiaidh séipéil a bhunaigh *Cairneach* sa 5ú haois atá an logainm *Donacarne*y bunaithe.

Is é *Domhnach Cairnigh* (61) an leagan Gaeilge a mhol an SO do *Donnacarne*y sa bhliain 2002 agus is iad **Domhnach Cairnigh Mór* agus **Domhnach Cairnigh Beag* logainmneacha neamhdheimhnithe an dá bhaile fearainn go comhaimseartha (*logainm.ie* 2010).

²⁶ Scríobh O’Conor tuairiscí ábhartha agus tá teacht orthu sin i litreacha a shínigh Ó Donnabháin, a bhfuil an seoladh agus an dáta ‘Kells, Sunday July 31st 1836’ ar cheann acu (OSL:101 -103), agus an seoladh agus an dáta ‘Kells, Monday, August 1st 1836’ ar an gceann eile (OSL:150). (Is in eagrán Herrity 2001 de *OSL County Meath* atá an t-eolas le fáil maidir le lámha na litreacha).

²⁷ Chuir sé an ghluais ‘Dunagarney ...? name’ san AL, féach (56) sa Tábla thuas.

²⁸ Tá sruthán gearr gar d’fhothracha an chaisleáin i nDomhnach Cairnigh a shníonn ó thuaidh go béal na Bóinne agus d’fhéadfadh sé go raibh áth air seo - téann droichead beag thairis ag béal na Bóinne anois. B’fhéidir gur bhain *Dún Átha Gearraigh* (58) leis seo. Ní féidir ceangal a dhéanamh idir an logainm *Donacarne*y srl agus an logainm *Dún Átha Gearraigh* (58), ámh. Sníonn abhainn agus fo-abhainn trí *Donacarne*y Great freisin. Casann siadsan leis an bhfarraige ag *Bettystown*,

²⁹ Arney the monk *built** a monastery here (JOD AL:3 Peann luaidhe (59) thuas.) [*peannaireacht doiléir].

[8] KILTROUGH¹*Coill Droch (ainm neamhdheimhnithe, 2013 *logainm.ie*)²

*Cealtrach nó *Cealltrach (roghanna an taighdeora 2014)

- | | | | |
|-----|-------------------|--------------------|--|
| 1) | c1250 | Kyldroch X 2 | CXXXI Carta magistri Ricardi de Beuuer de terra in Kyldroch et Butylbeg ICL:122-3 ³ |
| 2) | 1252 | Kildroch | CXXXIII Carta ... Willemi ... <i>ibid</i> :115 ⁴ |
| 3) | c1260 | Kyldroch | CXXV Carta ... de Alicie <i>ibid</i> :116 ⁵ |
| 4) | c1260 | Kildroch | CXXVII Confirmacio ... Alicie... <i>ibid</i> :119 |
| 5) | 1408 | Kildroght X 2 | CLXV Extenta omnium possessionum ... <i>ibid</i> :180 ⁶ |
| 6) | 1739 | Lease of Killtrogh | RDD AW i: 259, 598 |
| 7) | 1836 ⁷ | Kiltrough | Barony Reg. Tracing:AL 49 |
| 8) | 1836 | Kiltrough | JOD: AL 49 ⁸ |
| 9) | 1836 | Cill triucha | OD AL:49 ⁹ |
| 10) | 1836 | Cill/Coill triucha | OD:AL ¹⁰ (TT <i>logainm.ie</i>) |
| 11) | 1837 | *Coill | SO 20 TT <i>logainm.ie</i>
' <u>coill</u> seachas <u>cill</u> de réir SO 20' |
| 12) | 1835/6 | Kiltrough | Is SO |
- revised
1899

¹ Tuigim ó liosta na SO thíos, nach bhfuil an logainm le fáil in aon cheann de na foinsí a leanas: OSL, Hib Del., Fiants, GJM [=?], CS, Cen. [=?], DS, (TT *logainm.ie*). Níl *Kiltrough* le fáil ar Is BN, ná ar Is HD.

² Tíocfar ar léirmhíniú ar fad eile ar *Kiltrough* sa staidéar seo agus bunús Gaeilge an logainm á fiosrú.

³ 'Nouerit vniuersitas vestra me remisse et quietum clamasse pro me assignatis meis priori et conuentui Lanthonie prime et eorundem successoribus totum ius et clamium quod habui vel habere potui in terris de Kyldroch et Bultlynbeg cum omnibus eorum pertinenciis ...' (*op cit*). Aistrithe go Béarla ag AH (2008:311).

⁴ 'Carta eiusdem Willemi de vna carucata terre ibidem cum pertinenciis videlicet iijxx [80] acras terre quas Ricardus Beuuer tenuit in Kildroch et Bultynbeg ...' (*op cit*). Aistrithe ag AH (2008:312).

⁵ '...videlicet iij^{xxii} acras terre quas Ricardus de Beuuer tenuit in Kyldroch et Butylbeg et duas acras terre ... (et cetera)...' (*op cit*). Aistrithe ag AH (2008:315).

⁶ Fo-theideal: 'Manerium de Colp' (*op cit*:178) '... Dominicum. ... Campus vocatus Kyldroght continet xvij acras arabiles et potest seminari ...' (*op cit*:180). Fo-theideal: 'Pratum: Item sunt iij acre prati iacentes in Kyldroght' (*op cit*). Aistrithe go Béarla ag AH (2008:380).

⁷ 1830c. ar TS *logainm.ie*

⁸ Cuireadh an ghluais a leanas leis an tagairt seo: 'Authority: Tracing sent to Mr Griffith & which is fastened at end of ...?.. register. Sheet 20 (dúch dearg)' (*op cit*). Féach freisin TS *logainm.ie*.

⁹ Féach an ghluais a scríobhadh i bpeann luaidhe: 'no other name spelling correct' (*op cit*).

¹⁰ Mínithe 'church, wood of the cantred or district' (*op cit*).

13)	1928	Cill-Truacha	Ó Meachair 1928:133 Church of the Cantred
14)	1989	Coill Droch ¹¹	SO NÓM TS 2 <i>logainm.ie</i>
15)	2010	'kil trΔ kil' trΔf	fogharscríobh ó Angela Kerrigan, Marie McGovern, Paddy Lenihan † 2013 Tá an fhoghraíocht /,kil' trΔf /ag an dream óg.

Is i bparóiste Cholptha/ *Colp* i mbarúntacht Dhamh Liag Íochtarach i gContae na Mí atá an baile fearainn *Kiltrough*.

Ní raibh Ó Meachair (13) ná Ó Muraíle (14) ar aon intinn maidir le díorthú an logainm seo, agus bhí Ó Donnabháin idir dhá chomhairle faoi, mar a phléifear thíos. Ar ndóigh, ba dheacair meabhair a bhaint as an bhfianaise stairiúil a cruinníodh do *Kiltrough* - níl mórán éagsúlachta ag baint léi - níorbh fhios ar CILL nó COILL a d'fhéadfadh a bheith sa chéad eilimint *kil-*, ná ar *triucha*, *truacha*, nó *droch*, mar atá i samplaí (9), (10), (13), (14) thuas, a d'fhéadfadh a bheith sa dara heilimint *-trough*.¹² Tá neamhchinnteacht Uí Dhonnabháin le feiceáil maidir le COILL nó CILL a bheith sa chéad eilimint, féach (9), (10) agus é ag scríobh (i bpeann luaidhe):

Cill/ Coill triucha church, wood of the cantred or district (9),

agus an méid sin athráite ar TT *logainm.ie* (10). Ach chinn an SO gur 'coill seachas cill' ba bhunús le *kil-* (11), tuairim a nochtadh arís sa bhliain 1989, nuair a moladh *Coill Droch* (14) mar leagan Gaeilge ar *Kiltrough*.

Scrúdaíodh an fhianaise scríofa le feiceáil an raibh aon tagairt chinnte do choill sna cáipéisí a bhain leis an áit – ní luaitear *coill* go díreach, níl trácht ach ar

terris de Kyldroch et Bultlynbeg cum omnibus eorum pertinenciis (1)

¹¹ droch o m 'wheel' DIL (TS 2 *logainm.ie*)

¹² Chuireas i gcás, gurb é COILL céad-mhír an logainm, agus d'fhiosraíos an cáilitheoir dá réir. Mar shampla, an ndearnadh coimriú ar chéad ghuta an dara mír, nó an bhféadfadh sé gur **Coill darach* nó fiú **Coill dorcha* a bhíodh ann, nó, má thosaigh an dara mír le *#t-* ar **Coill torach* (> *tor* ('bush' DIL 4) + -ACH) a bhí mar bhunús céad-mhíre *Kyldroch/ Kiltrough*? Más ea, cén fáth go bhfuil *-t#* ag deireadh *Kyldrocht* (5)? An botún peannaireachta atá sa *-t#* sin, nó ar scríobhadh an fhoirm sin ar analach earráideach le leagan comhaimseartha éigin de *Cill Droichead* atá i gContae Chill Dara, nó an bhféadfadh sé gur **Coill toracht[a]* (> '*circular*' DIL) le coimriú an chéadghuta, a bheadh mar fhoirm bhunúsach de *Kyldrocht* (5)? Ní raibh aon fhreagra sásúil le fáil ar aon cheann de na ceisteanna sin.

i lár na 13ú haoise, agus is cinnte nach *coill* a bhí ann faoin mbliain 1408, mar tá trácht ar

Campus vocatus Kyldroght continet xvij acras arabiles (5)

i gcáipéis na bliana sin, chomh maith le

Pratum: Item sunt iij acre prati iacentes in Kyldroght (5).

Ar ndóigh, tharlódh gur cumadh an logainm roimh a chéad taifeadta sa 13ú haois - d'fhéadfadh sé go raibh an choill, nó cuid den choill glanta faoin am sin, ach gur fhan cuimhne na coille i meon na ndaoine, cuimhne a d'fhéadfadh a bheith caomhnaithe sa logainm.¹³

Má bhí deacrachtaí glacadh le COILL mar chéad-eilimint *Kyldroch/ Kiltroght/ Kiltrough*, ceal aon cháilitheoir deimhneach inchreidte a bheith aimsithe don eilimint sin, ní raibh rath ar bith ar an obair a bheith ag iarraidh a chruthú gurb é CILL céad-eilimint an logainm.¹⁴

Maidir leis an dara heilimint, má bhí Ó Donnabháin idir dhá chomhairle maidir le *Cill/ Coill* na chéad míre, féach

wood Cill, Coill triucha church, wood of the cantred or district (10)

bhí seisean agus Ó Meachair ar aon intinn gurb é *triucha/ Truacha* (10), (11), (13) sa chiall 'cantred' an cáilitheoir. Uaireanta ghlacfaí leis go bhfreagródh *cantred* do *triucha* ó *trícha* (nó *trícha céad*, an méid talún a chothódh *shua 'thríocha céad'* de laochra)¹⁵ agus chuir Ó Donnabháin an ghluais a leanas i bpeann luaidhe san Ainmleabhar:

triucha no other name spelling correct (9).

¹³ Bítear fós ag tagairt don 'Big tree' ag Loughlinstown i mBÁC in ainneoin gur bhain stoirm an crann céanna blianta fada ó shin.

¹⁴ Bheifí ag súil le CILL + AINM NAOIMH dá mba rud é gurb é CILL chéad eilimint an logainm agus gan ach an méid eolais a leanas againn: CILL + Dr-/Tr- + guta + consan coguasach. Cé gur aimsíodh beirt naomh - (i) *Druighean* [> ? **Druigh* + **ean*] a luaitear leis an dáta '6 Martij in ecclesia de Kill na nIngean in regione de Huibh Briuin Chualann' (GRSH:125) - tá *ui Briuin Chualann* suite soir ó shléibhte Bhaile Átha Cliath, agus (ii) *Drogenes Aug 3rd* (Mart Tall:60) nach bhfuil aon áit luaite leis - níorbh fhéidir ceachtar acu a nascadh go deimhnídeach leis an gceantar.

¹⁵ Bheifí ag súil le *Cill Tríochad dá mba rud é gurb é TRÍOCHA an cáilitheoir, ach ní fhéadtar an dá eilimint CILL agus TRÍOCHA a chur le chéile - bheadh easpa sionchronachta ag baint leis an réiteach sin; baineann CILL leis an eaglais, baineann TRÍOCHA le riarachán tuata.

Ní fhéadfaí glacadh leis an míniú úd, ámh, toisc gur ceantar fíorbheag é an baile fearainn *Ky[i]ldroch/ Kiltroght/ Kiltrough* nach gcothódh mórán duine ar bith, gan trácht ar shlua. Mar thacaíocht leis an méid sin, dúirt MacCotter ina phlé ar an *cantred*:

The liberty of Meath alone in the Irish Colony ... ignored the cantred ... the administrative barony... replaced the cantred from the beginning (2005:322).¹⁶

Ach is furasta bunús an logainm a réiteach nuair a chuirtear san áireamh gur ar an gcéad siolla a thiteann an bhéim i gcaint mhuintir na háite - /'kiltrΛ/ (15). Mar sin, is féidir a rá go mbaineann an logainm seo leis an réimse logainmneacha a thagraíonn do reiligí neamhchoisricthe, is é sin d'áiteanna a gcaití naonáin neamhbhaistithe a chur iontu. Ní hamháin go mbítí ag adhlacadh naonán sna reiligí neamhchoisriche seo (O'Connor 2005:73), ach bhítí ag cur corp anaithnid iontu freisin:

It is noteworthy that [the] tradition of burying 'anomalous' dead in unusual locations is reported all over Ireland. In addition to people who have died because of suicide and unbaptised infants, people who died during the Great Famine (1845-1847), people who die as strangers in a locality, and people whose bodies are washed ashore, have all been interred in similar burial places. (2005:72-73).

Tacaíonn réimse na téarmaíochta ar reiligí neamhchoisricthe le huilíochas an chleachtais seo in Éirinn, féach *cill, cillín, Killeen, seanchill, reilig, teampaill, agus ceallúnach* (O'Connor 2005:73) agus tá *cealdrach* ar liosta na dtéarmaí a thugann Mac Aodha, féach *cillín, ceallúrach, cealdrach, cealltrach, ceallachán* agus *lisín* - is é an míniú atá aigesean ar na téarmaí ná:

(little) cemetery (especially for unbaptised children) (1986:29).¹⁷

¹⁶ Thagair *MacCotter* do cháipéis *de Lacy* ina bhfuil sé ráite go bhfuil an rí ag tabhairt gach saoirse do *de Lacy* a bhí nó a d'fhéadfadh a bheith ag an rí féin (CGR: f. 5, 177).

¹⁷ Agus O'Keefe i mbun gnótha na Suirbhéireacht Ordanáis in 1836, thagair sé do 'two fields [in Jarratstown], 'Church Meadow' and 'Relic Field', both of which together the people call the *reilicín*. This was formerly a burying place, & they say that as yet unbaptised children are buried here ... was told that there is a stump of a wall about 20 perches from the *reilicín*, about which no one knows anything' (OSL:295).

Maidir le struchtúr an logainm *Kiltrough*, is cosúil gurb é CEALTAIR + ACH atá ann, agus gur cnuasfhocal é (Russell 1990:93),¹⁸ nó má leantar Mac Aodha is CEALL + TRACH a dhéantús (*passim*).

Scarann an bóthar mór na bailte fearainn *Painestown* agus *Kiltrough* óna chéile. Tá *Painestown* ar an taobh thoir den bhóthar, agus tá *Kiltrough* teorainneach le *Colp West* atá ó thuaidh de, le *Bey Beg* atá siar uaidh agus le *Rogerstown* atá ó dheas de. Ós rud é gur ar an gcéad siolla a thiteann an bhéim, is cosúil gurb é *Ceal[l]trach ainm an bhaile fearainn sa chiall ‘a place abounding in graves’,¹⁹ agus is dócha gur ón bhfocal ‘ceal[l]trach’ atá *Kiltrough* díorthaithe. Pléifear an chaoi ar eascair nósanna adhlactha naonán neamhbhaistithe i measc an phobail i gCaibidil 3, 3.6.²⁰

¹⁸ Tá liosta le háireamh d’fhocail Ghaeilge le fáil, a bhfuil an iarmhír - ACH orthu (Russell 1990: 93, 95).

¹⁹ Má leantar Russell (1990) d’fhéadfaí an logainm Cealltrach a mhíniú mar ‘having lots of graves’ (122).

²⁰ Tá mé buíoch den Ollamh NJA Williams a chuir ar mo shúile go bhféadfadh an chiall ‘Unbaptised Children’s Burial Ground’ a bheith le *Kiltrough*.

Barúntacht: Damh Liag Íochtarach

Paróiste: Colp

[9] **LAYTOWN-BETTYSTOWN**¹

An Inse (ainm deimhnithe 2013 (rogha an taighdeora **2014**))

Baile an Bhiataigh (ainm deimhnithe 2013 (rogha an taighdeora **2014**))

- | | |
|--|--|
| 1) c 1200 [Leytown] | D'Alton 1863:146 TS <i>logainm.ie</i> |
| 2) [c 1205] Leytown | D'Alton 1863 i:145-46 ² |
| 3) 1315 [in villa de] ³ Laylond
Leylonde | Charter CGR 94 f.120 |
| 4) 1332 [John de] Laylond | Charter f.122d. <i>ibid</i> :97 |
| 5) 1471-2 Leyton | SRPI Ed IV i:812 |
| 6) 1524 Leyton | Henry VIII 10/78 CI 1991:6 ⁴ |
| 7) 1534 the Leytown | D'Alton 1863 ii:189 (TS <i>logainm.ie</i>) ⁵ |
| 8) 1540-1 Le Nynche et Leyton | Possessiones ad nuper prioratum de Lanthony
in Anglia pertinentes CSL 1992:33 |
| 9) 1592 Leytowne near le Inch | CI 1991:444 A 16 |
| 10) 1540-1 Nynch and Leyton | IMP:315 (TS <i>logainm.ie</i>) |
| 11) 1557 Leytowne | IFTS i (P & M):322 F 246 |
| 12) 1566 Leytowne | F 922 Eliz TS <i>logainm.ie</i> |
| 13) 1569 Nynche, Leyton | F 1460 Eliz TS <i>logainm.ie</i> |
| 14) 1575 the Ninche and Leyton | IFTS ii (Eliz):358 F 2698 |
| 15) 1576 Leyton | Eliz 76/57 CI 1991:220 |
| 16) 1579 Ninche, Leyton | F 3565 Eliz TS <i>logainm.ie</i> |
| 17) 1587 Nynch & Leyton
Nynch & Leyton | A 28 CI 1991:449
A 35 <i>ibid</i> :452 |

¹ Féach freisin *Betaghstown* [4] agus *Ninch* [63].

² Is léir go bhfuil eagarthóireacht déanta ar an bhfoirm seo in eagrán D'Alton na 19ú haoise, mar *-tun* agus *-tona* atá le fáil sna foirmeacha *Latun* sa *Domesday Book* 1086 AD, agus *Latona* c1140 AD (Ekwall 1936:277, 283). Níl an fhoirm *town* le fáil chomh luath sin i logainmneacha na hÉireann. Tá scéal suimiúil le baint as an taifead seo, féach: '...this place being then [1205] a borough is yet more conclusively declared in a contemporaneous writ, whereby Stephen de Nevin was attached by his 'burgage' in Drogheda for plundering a ship of *Leytown* but who afterwards sued out a pardon, was thereupon restored to his said burgage' (*op cit*).

³ Aistríodh 'in villa de Laylond' mar *Town of Laylond* (*op cit*). Lámhscríbhinn Laidine atá sa bhunfhoinsé.

⁴ Téacs suimiúil eile anseo: 'A skiff, value 40s...came ashore at **Leyton**, co. Meath ...26 May 1523, & Walter Eustace... merchant, took it, by what right the jurors do not know' *trans. James Mills*] (*op cit*).

⁵ Seo an téacs: 'Item: that no ship, nor pickard, break bulk from the Head of Wicklow to the Leytown, but only in Dublin, Drogheda, and a part in Dundalk, at the discretion of Drogheda, upon pain of forfeiture of all their goods' (*op cit*).

18) 1605	Leyton	J1 26/25 <i>ibid</i> :334
19) 1630	Ninch (<i>recte</i> Nynch) and Leytowne x 2 Leytowne	Car I 61 TS <i>logainm.ie</i>
20) i ndiaidh 1641	Leyton	BSD:53/5 TS <i>logainm.ie</i>
21) 1654- 56	Ninch [P Julianstowne] Leitowne [ditto] Ninch Ninch & Leaton Leaton Ninch	CS:5 <i>ibid</i> :6 <i>ibid</i> :48 <i>ibid</i> :49
22) 1657	Lanton (sic) ⁶ Nich Layton Ninch 6 Layton 6	DS Innéacs: The Barrony of Duleeke in the County of Eastmeath DS Innéacs: The parrish of Julianstowne An Index of Townes Names with the pages where to find them ditto
23) 1657	5 Leiton ⁶ 4b [part of] Ninch 4b [= 4d] [in the] Ninch Leyton	DS Is 'Eochair [in aice le teideal na lse] The Parrishes of Killcarvan, Colpe & Julianstown by W ^m Farrand. An Exact Copy by Dan ^l O' Brien Surv ^r DS :OSNB (faoi <i>Ninch</i> TT <i>logainm.ie</i>)
24) c1668	Leyton 18 Leyton	BSD Index <i>ibid</i> 18, 1663, 1666 sa téacs
25) c1672	Leyton [P. Iullianstowne] (<i>sic</i>), EM	Is HD Goblet:290 (TS <i>logainm.ie</i>)
26) [1824]	Nunch and Laystown	HC Sy & Val. Rept. OSNB TS <i>logainm.ie</i>
27) idir & 1898	1803 Nunch and Laystown	Docket of Gd Jury Rates, OSNB TS <i>logainm.ie</i>
28) 1928	(Laytown) La[e]g dún	Ó Meachair 1928:128

⁶ Tá *Leiton* chomh beag sin ar Is an DS, nach bhfuil spás ann don *logainm*. Tá uimhir 5 marcáilte mar noda air, agus é scaoilte mar a leanas: '5: In Julianstowne Parrish is called *Leiton* ...' Tá na nodanna 4b agus 4d scaoilte mar a leanas: '4b, part of *Ninch* ... 4:b [*recte* 4d] In *the Ninch* in Julianstowne Parrish ... 18:1:0'

29)	1969	Laytown [Drogheda, Co. Louth] An Inse [Droicheadh Átha, Co. Lú <i>recte</i> Co na Mí]	AGBP:56
30)	1969	Bettystown Drogheda, Co. Louth <i>recte</i> Co na Mí]	<i>ibid</i> :54
31)	1969	Baile an Bhiataigh [Droicheadh Átha, Co. Lú]	<i>ibid</i>
32)	2010	An Inse /Laytown	Is SO 43 2010
33)	2010	'behi:s̪ t̪əun	fogharscríobh, Paddy Lenihan † 2013 Damian Mc Daid (aois c 40)
34)	2010	'beti:s̪ t̪əun	Tá an fhoghraíocht seo ag daoine óga.
35)	2014	'Le: t̪əun	fogharscríobh, Damian Mc Daid

Is i bparóiste Cholptha/ *Colp* i mbarúntacht Dhamh Liag Íochtarach i gContae na Mí atá an baile fearainn *Laytown-Bettystown*. Is cosúil go bhfuil dhá logainm anseo: *Laytown* agus *Bettystown*. Logainmneacha dhá mhíre atá in *Laytown* agus i m*Bettystown* araon. Is fiú *Leylond*[e]/ *Laylond* a phlé freisin.

Bettystown

Is cosúil go bhfuil an múnla AINM + *s* mír shealbhach an Bhéarla + TOWN ar *Bettystown*, trábhaile atá suite ar an gcósta agus é ar an taobh theas uile de *Laytown*. Cuireadh *Baile an Bhiataigh* (30) mar leagan Gaeilge ar *Bettystown* sa bhliain 1969. Is dócha gur leagan logánta Béarla de *Betaghstown* atá san fhoirm *Bettystown*. Is suntasach nach é /'betəx̪ t̪əun/ (a deirtear le haghaidh an bhaile fearainn *Betaghstown*). Is iad na foirmeacha labhartha de *Bettystown* a chloistear ná /'behi:s̪ t̪əun/ (32) agus /'beti:s̪ t̪əun/ (33).

Níor frítheadh ach an t-aon tagairt amháin do *Bettystown* (29) i measc cháipéisí oifigiúla - níor cláraíodh go dtí an dara leath den 20ú haois é.⁷ Níl ach an t-aon bhaile amháin sa tír a bhfuil *Bettystown* air. Mhéadaigh *Bettystown* as cuimse le linn an

⁷ Tá tagairt d'ainm mná - *Beitidh* - sa dán 'Raghallach Átha Cárnn' ach níl aon tagairt a cheanglódh go cinnte leis an mbaile *Bettystown* í. Féach: 'An ghéag gheanamhail Beitidh ... An chaoín-Bheitidh bhéasach...' (Laoide 1914:3, IV, 7. V, 3). Is dán le Nicolas Ó Cearnaigh (c 1802 - 1865) a chan Uilliam Buidhe Mhac Giolla Ciaráin. Deir an t-eagarthóir gurbh í Ailís Ní Chearbhaill bean Raghailigh, a bhí i gceist le 'Beitidh' (*ibid*:142). Baile Fearainn atá siar ó dheas de pharóiste Cholptha/ *Colp* i mbarúntacht

mhaidhm mhór tógála a tharla idir 2000 agus 2005, féach na léarscáileanna stairiúla ar an suíomh idirlín www.osi.ie/Products/Then-and-Now.aspx

Leylond[e]/ Laylond agus Laytown

Cé nach bhfuil taifead ar [*villa de*] *Laylond* (3), (4) ná ar *Leylonde* (3) ach i bhfoinse a scríobhadh sa 14ú haois, mar a leanas:

AD 1315: John son of John de Laylond, has granted to Roger de Prestoun ... all his land in **Laylond**, with the appurtenances, which he had of the gift of John son of **Thomas de Laylond** his father: to be held ... with all liberties and easements to so much land in the **town of Laylond** appertaining lands and tenements in **Leylonde** (3)

bhí muintir *Laylond* in Éirinn sa 13ú haois - is léir ón sliocht thuas gur ag *Thomas de Laylond* a bhí an talamh ar dtús, agus gur garmhac den *Thomas de Laylond* thuasluaite atá sa *John* a bhronn an talamh ar *Roger de Prestoun*. Mar sin, d'fhéadfadh sé gur tháinig *Thomas* (seanathair *John* [mac *John*]) as *Laylond* in éineacht leis na céad-Normannaigh sa bhliain 1169 (146 bliain roimh dháta na cáipéise (AD 1315), agus d'fhéadfadh sé go raibh athair *John* [mac *Thomas*] i dteideal na talún thuasluaite go gairid ina dhiaidh sin.

Tugtar faoi deara go ndearnadh idirdhealú tíreolaíoch idir

his land in Laylond with the appurtenances

agus na

lands and tenements in Leylonde

sa cháipéis thuasluaite (3). Breathnófar i dtreo Shasana mar sin, chun léirléamh ar na heilimintí *Lay* agus *Ley* a dhéanamh.

Tá foirmeacha stairiúla le fáil de *Layton* agus de *Leyland* i gcáipéisí a scríobhadh san 11ú agus sa 12ú haois i leith i *Lancashire* Shasana (Ekwall 1936:277, 283).⁸ Is ón

Dhamh Liag Uachtarach is ea *Áth Carn*. Rugadh Ó Cearnaigh i *Thomastown* gar go Dún Dealgan (<http://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=1178>)

⁸ Féach *Latun* sa *Domesday Book* AD 1086, agus *Latona* c1140 (*op cit*).

Sean-Bhéarla a díorthaíodh iad: *Layton* > OE *Lād-tūn* ‘town on a stream’⁹ (tá an chiall ‘watercourse’ ag *Lād* freisin), agus *Leyland* > OE *læge* [le macran os cionn *æ*] ‘fallow’ + ‘land’ (*ibid*). Dhealródh sé gur thug na Normannaigh na hainmneacha seo leo go Contae na Mí, (féach plé ar (3) thuas). Ar ndóigh comharthaíonn *lond[e]* ‘land’ sa chiall ‘talamh/ ceantar’ (Skeat (1879-1892) 1963:320).¹⁰

Má bhí an chiall ‘stream/ watercourse’ fós ag *Lay* sa 14ú haois, seans maith go raibh an talamh *Laylond* (3), (4) thuas, agus an baile – *Villa de Laylond* (3) ar bhruach srutháin i bparóiste Cholptha/ *Colp* i gContae na Mí. Is abhainn mhalltrialach í *An Ainí*,¹¹ a shreabhann le taobh an bhóthair i *Laytown* i gcónaí (- tá an baile *Bettystown* suite achar beag ó thuaidh de bhéal na habhann). Ach seachas *Lay* i *Laylond* (3), (4), is í an eilimint *Ley* a mhair go rialta mar chéad-eilimint sa logainm *Laytown* go dtí an 17ú haois.

Tugadh *Le Nynche et Leyton* (8), *Leytowne near le Inch* (9), *Nynch & Leyton* (10), (17), nó *the Nynche and Leyton* (14), *Ninch (recte Nynch) and Leytowne* (19) ar an áit in amanna, agus bhí *Leytowne* gar do *le Inch* ag deireadh na 16ú haoise, mar is léir ón taifead seo a leanas:

Deed. Latin, intent in English. ... Grant of ...
Dunnmannagh *alias* Muncksland in *Leytowne*
near le Inch, co Meath(7)

Tugann an logainm le fios nár cuireadh barra ag fás ann go dtí lár na 17ú haoise, is é sin gur fódbhán a bhí in *Leytowne*. Ansin athraíodh litriú an logainm sa CS, cuireadh *i* in áit *y* ann agus athraíodh *Lei* go *Lea* - tá *Lea* díorthaithe ón Sean-Bhéarla *leah* ‘meadow, clearing’- agus ansin socraíodh ar *Lay* mar litriú. Tharlódh nach bhfuil sa méid sin uile ach athruithe litrithe, nó tharlódh gur baineadh leas as an áit mar mhóinéar ag am an CS, nó tharlódh gur *Layton* ‘town on a stream’ a tuigeadh uaidh ó lár na 17ú haoise i leith, seachas *Leyton* ‘fallow land’ mar a bhí roimhe.

Is i measc bhailte fearainn an pharóiste *Julianstown* agus ní i measc bhailte fearainn an pharóiste *Colptha/ Colp* a áirítear *Leitowne/ Leiton/ Leaton* (21) de réir an CS, agus *Leiton/ Layton* de réir an DS (22), (23) (cé gur coinníodh an seanlitriú *Leyton*

⁹ Is sloinne é *Layton* freisin a mhíníonn Hanks & Hodges mar ‘Habitation name from any of various places so called... ([1988] 1989:318), ach ní bhaintear leas as an eilimint LAY as féin mar shloinne i Sasana. Níl a leithéid de shloinne le fáil in Éirinn ach an oiread.

¹⁰ **Land** ‘earth, soil, country, district,’ > ME *land, lond* (*op cit*).

¹¹ > *Anaigh* (tabh), na hAnaighe (gin) (Iris na Gaedh: 551))

(24) i gcás HD, ceann de léarscáileanna an DS). Tá *Julianstown* teorannach le paróiste Cholptha/ *Colp* anois.

Níor thángthas ar aon sampla d’ainm an bhaile fearainn seo san 18ú haois, ní a fhágann bearna céad bliana san fhianaise.¹²

Is iad *ton* (5), (6), (8), (10), (13) - (18), (20), (21) - (25), *town* (26) - (29), (32), *towne* (9), (11), (12), (19), (21) na foirmeacha stairiúla de TOWN atá sa logainm *Ley-/Lei-/Lea-/Lay-to[w]n [e]*. (Ní áirím *town* i samplaí (1), (2), (7), mar go bhfuil an chosúlacht orthusan go ndearnadh eagarthóireacht orthusan sa 19ú haois).

Maidir le *le Inch/ Nynch/ Ninch/ Nunch* a luaitear in éineacht le *Laytown* go stairiúil, is ón nGaeilge *An Inse* a thagann sé, agus áiríodh i measc bhailte fearainn pharóiste *Julianstown* é chomh maith le *Leitowne/ Leiton/ Leaton/ Layton* ó lár na 17ú haoise go dtí an lá inniu. Mar sin, pléifear *le Inch/ Nynch/ Ninch/ Nunch* sa tráchtas in éineacht le logainmneacha pharóiste *Julianstown*. Ar ndóigh, is cur síos ar ghnéithe aiceanta nach bhfuil ró-éagsúil óna chéile atá sa dá logainm sa dá theanga - *An Inse* < Inis ‘an ing, inch or water-meadow’ (Dinneen 1927:596) agus *Laytown* ‘town on a stream, watercourse’ (*passim*).

Tugadh *Nunch and Laystown* (26), (27) ar an áit sa 19ú haois, a thaispeánann athrú ghuta ó *-i/-y-* go *-u-*, nó foghair áitiúil na canúna, chomh maith le forbairt nua shuntasach i struchtúr an logainm .i. *s* sealbhach an Bhéarla idir *Lay-* agus *-town*. Níor sheas an mhír sin sa logainm, ámh. Is é *Laytown* a tugadh air san 20ú haois agus san 21ú haois.

Aguisín: Traidisiún Áitiúil a bhaineann leis an logainm

Níl foghraíocht an fhocail *Lay* sa Bhéarla neamhchosúil leis an ainm *Laogh* sa Ghaeilge. *Laog mac Riangabra* a bhí ar ara Chú Chulainn agus de réir an traidisiúin áitiúil (atá an-láidir) tá céad-eilimint *Laytown* bunaithe ar ainm an ara. Ar ndóigh, d’fhéadfadh sé gur tuigeadh an logainm ar dhá bhealach, atá go hiomlán éagsúil ó thaobh céille de, ag brath ar an meon Gaelach nó ar an meon Gallda a bhí ag an té a bhain leas as an logainm.¹³

Tá roinnt mhaith fianaise le fáil sa litríocht ar *Laogh*,¹⁴ féach:

¹² Níl *Laytown* le fáil san fhoinsé Forfeited Estates 1700.

¹³ Féach go bhfuil an bhréagchosúlacht ar *Knockisland* gur díorthaithe ó eilimint Ghaeilge + eilimint Bhéarla atá foirm Ghalldaithe an logainm .i. CNOC + ISLAND. Tabharfar léirléamh eile air seo sa tráchtas, féach *Knockisland* [44]).

¹⁴ *Loeg* (tuiseal ainmneach, *Laíg* (tuiseal gairmeach) go stairiúil, féach TBC 1967: 1523 (fo-nóta), 1523, 1530, 1541

& gebis athrechus mór Coin Culaind in lásin .i. bith forin
Táin itir a oenur.& radis Cu Chulaind fria araid fri Laeg
techt innaigid Ulad arcon téstaís do chosnam a tana. & ro
gabsum merten 7 athscís forru. & doringni rand.

airg uaim a Laíg laider sluaig
cain dam i nEmain adrúaid
am tursech cach dia sin chath
condam crechtach crólinnech
Ó indill Laeg in gae Aife
risin sruth ba seol faethae ...

(LL ii, Best, O'Brien 1956:314, 316)

agus

Do bhí fós do dhaoire an deabhaidh, nár fhuilingiodar airm
do Cho(i)n Chulainn, go ttángadar á airm díisle féin chuige
lé Laogh mac Riaghabhra ... (CRRB 1892:100, §42)

agus ar ndóigh, tá cur síos ar na heachtraí a rinne Cú Chulainn agus ‘popa Láeg’ á
thiomáint ar ‘slichtlorg in tslúaig’ ag tús TBC (O’ Rahilly (1967) 1970:15-6, 527 -578).

Tairngríodh go gcuirfí *Laogh* ar an mbruach thuaidh den Ainí é, féach:

When they came to the ford of the Nemnach, the sparkling
and shining one which to-day is the Nanny Water Laeg
said ... [The prophet] said my mound of burial would be
on the north bank of the stream, and my name would be on
this place forever’ (O’Grady gan dáta:102).

Thagair an file Francis Ledwidge dó seo ina chuid filíochta freisin ag tús na 20ú haoise,
féach an dán ‘The Death of Leag’:

... By Nanny water where the salty mists weep o’er
Riangabra let me stand deep beside my father
(Ledwidge ?1917:126-8).

Tá an scéal faoi charn Laoigh gaibhte isteach sa traidisiún áitiúil, mar is léir ón tuairisc
seo a leanas:

In this Parish, about half a mile from where the river
Nanny enters the sea at Laytown, there is a bee hive
shaped tumulus on its north bank. Legend tells us that this
mound is the burial place of Laogh, Cuchulain’s charioteer

... According to tradition Cuchulain would drive from his home in the Cooley mountains to visit his lady-friend Emer, in Lusk and his chariot crossed the Nanny river en route. This tumulus was excavated in 1978 [*recte* 1979] and there were in fact two cadavers found here. (Berrill, Brennan, Cunningham, Delaney, Mc Entee, Seery, Tiernan 1985:51)

Cnámharlach fir, a cailleadh in aois idir 25 agus 30 bliain, a bhí i gceann de na hadhlactha seo (Sweetman 1982-83:65) agus is cosúil gur cuireadh an bheirt ag deireadh na Luath-hAoise Iarainn nó ag tús an *Later Iron Age* (*ibid*:68).¹⁵

Is léir go bhfuil scéal Laoigh buanaithe sa traidisiún áitiúil agus go bhfuil sé ar marthain i gcónaí - scríobhadh gur cuireadh *Laog mac Riangaobra*, ara Chú Chulainn, ar bhruach na hAiní/ *Nanny water*, agus dúradh gurb é leacht *Laoigh* an carn atá tógtha míle soir ó *Laytown* ag tús an chéid seo ((Downey, *c* 2000:8-10).¹⁶

Dealraíonn sé go gcomharthaíonn *La[e]g dún* (28) ‘dún an ara’, ach ní dócha gurb shin é an bunús atá le *Laytown*, mar ní aistrítear *dún* go *ton/ tun/ town* i gcóras logainmneacha na tíre. Is dócha go n-eascaíonn *La[e]g dún* (28) as an traidisiún áitiúil agus gurb í an tsanasaíocht choitianta (*folk etymology*) is cúis leis an bhfoirm sin.

D’fhéadfadh sé gur ghlac áitritheoirí *Laytown* leis go raibh bunúis éagsúla leis an logainm de réir an chultúir lenar bhaineadar - gur LAEGH a thuig na Gaeilgeoirí agus gur LAY a thuig na coilínithe.

Tá *Laytown/ Baile an Lígh* eile i mbarúntacht Bhaile an Ridire Thoir/ *Balrothery East* i bparóiste Bhaile Donnabáin /*Baldongan* i mBaile Átha Cliath (*logainm.ie*). Ní thugtar aon mhíniú ar an gcáilitheoir ‘Lígh’ ar shuíomh na Suirbhéireachta Ordanáis.

¹⁵ Ar ndóigh, bheadh sé dodhéanta a rá cé a adhlacadh ansin beagnach dhá mhíle bliain ó shin.

¹⁶ ‘1 mile from Laytown on the north bank of the river, there is a large burial mound, known as the ‘mote’ ... tradition says that this mound is the burial place of Laogh, ... charioteer ... (Downey *c* 2000:8). Adlacadh Cú Chulainn i bhfeart agus cuireadh leacht le hOgham scríofa air os cionn a choirp de réir an scéil *Aided Con Culainn*, féach: ‘... ro fhuráil Eimer ar Chonall fert fairsing fhorleathan do dhénamh do Choin Chulainn, ionnus go ttuilledh sí féin mar aon rena céile comhadhais ann. Do tógbadh a lia ósa lecht 7 do sgríobadh a ainm a n-oghaim, 7 fertar a cclaoithe caointe’ (Van Hamel 1933:133).

[10] MORNINGTON

*Baile Uí Mhornáin (ainm neamhdheimhnithe *logainm.ie* 2010)

***Baile na Mairnéalach** (aistriúchán seimeantach, moladh an taighdeora **2014**)

- | | | | |
|-----|------------------------|--|--|
| 1) | c.1211 | de villa Marinorum
de villa Roberti Marinerii | XXVI Carta Symonis Midensis episcopi de
Duuelech de villa Marinorum ICL:33 |
| 2) | 1211 | de villa Roberti Marinarii | LIX Compositio ... inter ... Lanthonias
<i>ibid:</i> 75-6 |
| 3) | 1221 | villa Roberti de Marinerii ¹⁷ | XXXVI Carta Iacobi apostolice sedis legati
de omnibus ecclesiis in Hibernia <i>ibid:</i> 39 |
| 4) | 1231 -05 ¹⁸ | ecclesia de villa Marinorum | XXXII Carta R. Midensis <i>ibid:</i> 37 |
| 5) | 1233 | ecclesia de villa Marinorum | XXXVII Compositio inter Ricardum
Midensem episcopum et domum Lanthonie
prime <i>ibid:</i> 40-1 |
| 6) | 1233 | de villa Marinariorum
ecclesia Marinorum | XXXVIII Carta ... et confirmacio super
vicariis in midia cum sigillo cleri <i>ibid:</i> 46 |
| 7) | [c. 1230-
34] | ... de villa Marinerii ¹⁹ | LXVIII Carta ... Walteri de omnibus
beneficiis et terris in Midia <i>ibid:</i> 83 |
| 8) | 1234 | Roberti le Mariner in villa de
[cóip 18ú] Mariners
[Marinerstown] ²⁰ | CGR:180, Laidin. [<i>ibid:</i> 8 f. 6, Béarla] ²¹
[De Lacy Charter (Brodigan) AL 5:42] |
| 9) | 1235 | vill Marenariorum | CDI 1171-1251: 2295 :341 ²² |
| 10) | [c1231-
41]? | de villa Marinorum...
de villa Marinerii... | LXVI Carta Walteri de Lacy de ecclesia
de villa Marinorum <i>ibid:</i> 82 |
| 11) | 1242 | ecclesiam de Marynerstone | XVI Consolidacio Ardmachansis de ecclesiis
et capellis in diocesi Ardmahansi et
in diocesi Midensi. <i>ibid:</i> 23-24 |
| 12) | [c. 1252] | Villam Marinorum | CXXII Carta Willelmi de Bray ICL:115 ²³ |

¹⁷c ... ecclesiam de Colpe cum capella de villa Roberti de Marinerii', aistrithe go *Mornington (sic)* in AH 2008:280-1.

¹⁸ recte 1231 - 50 féach AH

¹⁹c ...cum decimis piscarie...

²⁰ 'Copy ... of translation of Charter of Walter de Lacy reciting & confirming a grant made by Hugh his father of various churches & lands in Ireland' (AL:42).

²¹ Aistriúchán Mhills & McEnery 1916: 'Charter of Walter de Lacy to the Abbey of St. Mary, Furness England. Walter de Lacey ... has granted... the whole land which belonged to Christiana wife of *Robert le Mariner* in the town of *Mariners* in Ireland ...' (CGR:1916:8). Féach freisin: ICL:84 fonóta 4, Graham 1974 :55, Bradley 1988-9:45.

²² 'Dec. 2. Grant and confirmation in frankalmoign to the church of St Mary and St Laurence, of Beaubec [de Bello Becco] ... of the gift and grant which Walter de Lascy made to them of all the demesne of his carucates in the vill of Gillekeran; ... of a burgage in the *vill Marenariorum*' (*op cit*).

²³ Aistrithe: 'Charter of William de Bray, knight, with the agreement and consent of Alice Bele Jambe, my wife ... the road which leads to *Mornington*' (AH 2008:311-2).

13)	1260	...villam Marinorum	CXXIV Carta Alicie <i>ibid</i> :116
14)	c1260	...villam Marinorum	CXXVII Confirmacio ... Alicie <i>ibid</i> :118-119
15)	1265	...in villa Marinorum	CXXXVIII Finalis concordia inter abbatem ... de vij acris terre cum pertinciis in villa Marinorum ... <i>ibid</i> :126-7 [Féach freisin: CXXXVIII]
16)	1340	Marinerston X 2, [Robert] le Marnier, in the town of Mariners	CPR Ed III 1340-43: 52-3 <i>ibid</i>
17)	1343	manor[s] of ... Marinerston	Licence to enfeoff CGR: 173 f. 221 d
18)	1387	Maryneston	Rot Pat Hen II – Hen VIII, 108:133b (<i>logainm.ie</i>)
19)	1400	manior de Maryneston	<i>ibid</i> 65:157 (<i>logainm.ie</i> 2009)
20)	1403	Marinestou X 2	<i>ibid</i> 12, 166b. <i>ibid</i> : 95,174b (<i>logainm.ie</i> 2009)
21)	1408	Capella de Marynereston	CLXV Extenta omnium possessionum ...ICL:182
22)	1423	manior' de Marynton	Rot Pat Hen II – Hen VIII, 84:228b (<i>logainm.ie</i>)
23)	1527	Marineston Marynereston [?Marlantoun, 20] ²⁴ Maryneston ²⁵	H VIII 35/87 CI 1991:20
	1531		H VIII 59/95 CI 1991: 33
24)	[1536-37]	Marinerstown	Inq. Hen. VIII Trim (Brodigan) AL:5, 43 ²⁶
25)	[1541]	Mornanston	Inq. Hen. VIII Navan (Brodigan) ²⁷ :AL 5
26)	1539	Marnanton	134/129 CI 1991:75 ²⁸
27)	1540-1	Marynerton X 2 villata de Marynerton	Possessiones ad nuper prioratum de Carternell in Anglia spectantes CSL 1992: 22
28)	1540-1	Marynertowne (Furneis in) Marynerton Marynerton Marynerston	IMP 1540-1:314 <i>ibid</i> :315
29)	1540-1	de Marynerton X 3	Possessiones ad nuper prioratum de Lanthony in Anglia pertinentes CSL 1992: 28

²⁴ Tá teacht ar thagairt eile do *Marlantoun* sa bhliain 1537 (H VIII 97/11 7 CI 1991:54) - Ni dócha go mbaineann sé le hábhar.

²⁵ Seans maith go raibh an giorrúchán le haghaidh *r* sa bhunfhoine.

²⁶ 'Copy (in possession of Thomas Brodigan Esqre of Billtown (*sic*) of Inq held at Navan on 12th January in the 28th year of King Henry the 8th (AL 43). Scríobhadh an bhunchóip sa bhliain 1536-37 de réir an *regnal years calculator*. Ní fios cén uair a scríobhadh cóip Bhrodigan, a fuair Ó Donnabháin sa 19ú haois. Is deacair iontaofacht na foine seo a mheas, cf. an Réamhrá.

Is mar *Marineston* /*Marynereston* (23) thuas, atá an *logainm* le fáil i gcáipéis chomhaimseartha.

²⁷ 'Copy (Brodigan) of Inq. taken at Trim in the 32nd year of King Henry 8th (AL 44), cf. an Réamhrá.

²⁸ 'The following have failed to import bows: ... *liosta fada* ... Thomas Fanen of Dublin & Edward Beke of Marnanton, merchants (imported goods on 13 Nov 1538)...' (*op cit*).

- | | | |
|-----|--|---|
| | villata de Marynerton X 2 | <i>ibid</i> : 32 |
| | villate de Marynerton | <i>ibid</i> : 34 |
| 30) | [1558 –
1603 a
réimeas]
Marnertown. Marnyston.
Marynerton alias
Marinerstown. Mornanton | Inq. ? term. Eliz. (Archdall): AL 5 |
| 31) | idir 1558
& 1603
Marynerston; Marynerton | Inq. temp. Eliz. (Archdall): AL 5 |
| 32) | 1559
Marinertown X 2 | F 177 (TS <i>logainm.ie</i>), <i>recte</i> F 178 (6228) |
| 33) | 1574
Marynerton X 8
Marynerton <i>alias</i> | Eliz 67/47 CI 1991:212-3 |
| | 1578
Marynerston
Marinerston/ | IFTS ii (Eliz):472, F 3434 |
| | 1587
Mornanton/Marynerston.
Marynerton <i>alias</i> | Eliz 173/111, CI 1991 :264
<i>ibid</i> :265 |
| | 1589
Marnerton
Marneryton X 2
Marynerton X 2
Marynerton
Marynertowne | <i>ibid</i>
<i>ibid</i>
Eliz 193/124 (24) <i>ibid</i> 279 ²⁹ |
| 34) | [1607]
Marinerston <i>alias</i>
Mornanston
Marrenerton
Marinereston
Marinerston | <i>fonótaí</i> J 1 49 AD 1547 – 1603
CI 1991:345 <i>fonótaí</i> (2), (4)
<i>ibid</i> 346 : (5)
<i>ibid</i> 347 (10)
<i>ibid</i> :348 (21), (22) |

²⁹ ‘Mary More. Tithes of fish of Marynertowne, at 40s. p.a.’ (*op cit*).

		Mornanton <i>alias</i>	<i>ibid</i> :349 (25)
		Marinerton X 2 Marinerton	
35)	1606-08	Marnanstown <i>alias</i>	CSP James I 1606-1608:56 ³⁰
		Mariverston	
36)	idir 1603 & 1625	Marinerston or Mornanton	Grant J.I (Brodigan): AL :5,45
37)	1608	Mornanton	J 1 58/36 <i>ibid</i> 356
38)	1624	maner' de Marynerton al' Mornanton maner de Marrynerton al' Mornanton	Jac I: 70 Inq Lag
39)	1626	Mornanston	Charles1 8/1 CI 1991:410
40)	1640	Mornanton al' Marynertowne	Car I 151 Inq Lag
41)	? idir 1647 & 1733 ³¹	cuan Bhaile Uí Mhórnáin cuan bhail' uí mhórnán	Laoide 1900: 551, 'Iomáin na Bóinne', véarsa XI, Séamas Dall mac Cuarta, Séamus Ó Dubhdáil a chan.
42)	?	go cuan bhail' uí mhórnán	Galligan Edinburgh Ms 506 (Scannán P3239) TS 6 <i>logainm.ie</i>
43)	?	cúan Bhaile-uí Mhórnán	RIA 23 E 12, 64 (N) Kearney) TS 6 <i>logainm.ie</i>

³⁰ '100 Crown lands and Tithes now in lease from the King in Ireland... Co Meath ...' (*op cit*: 55-56).

³¹ Chum Séamas Dall Mac Cuarta an píosa filíochta seo. Rugadh c1647 é agus cailleadh sa bhliain 1733 é (<http://ainm.ie/Bio.aspx?ID=1347>). Is in *Irisleabhar na Gaedhilge Iuil 1900* a foilsíodh an leagan seo de 'Iomáin na Bóinne', agus scríobh Laoide, an bailitheoir, gur 'tógadh an t-amhrán ó Séamus Ó Dubhdáil i bhFearnmhuigh'. Seo blaiseadh beag den amhrán, a bhfuil na logainmneacha *Sláinge, Fionnabhair, na hAnaigh* (gin), *Teamhair*, agus *Baile Uí Mhórnáin* luaite ann, [tagraíonn na huimhreacha Rómhánacha do véarsí]: VIII

Is iad chaoín-áille na bhfairche-se bhail' Shláinge

Ariamh nár thuill náire do'n uaisle

A bhrisfeadh gach sár-bhuidhean de' gcrúineochadh le báire

o m-a gceann gan cháirde na huaire

B'aoibhinn an lá-sin a bheith i bhFionnabhair ar na háirdaibh

ag amharc ar rása na mbuachaill

'S ní'l ríogain de'n ádhamhchloinn do-chífeadh mo pháisdí

Nach líonfach i ngrádh leo an uair-sin!

IX

A bhuaichaillí, ma chí sibh an tailíneach go síorraidhe

ag cur gill ar lucht gípis nó prácáis,

Tógadh gan sgís chum na hAnaighe fá dhaoirse é,

'S ná bíodh se in bhar líontaibh mar námhaid;

XI

i bhFionnabhair XI (551 XI líne 1)

Cruinnigheadh na sluaigh fã'n Anaigh le buabhall

Ó Teamhair go cuan Bhaile Uí Mhórnáin (*op cit*:550-51).

44)	?	cúan bhaile-í mhórnan	3 C4i. 2l r (P O Gealacan) TS 6 <i>logainm.ie</i>
45)	1654-56	Mornanstowne X 3	CS:3, 49, Innéacs
46)	1657	Mornantown 6	DS An Index of Townes Names with the pages where to find them ...
		Mornantowne X 2	<i>ibid</i> : Cur síos ar <i>Colpe</i> agus ar na bailte fearainn ‘forghéillte’ nó glactha i seilbh na Sasanach ³²
		Mornanstowne	<i>ibid</i> Is <i>The Parrishes of Killcarvan Colpe & Julianstown by W^m Farrand. An exact copy by Dan^l O Brien Surv^r</i>
		Mornantowne	
47)	1655-9	Mornanstowne	Is BN Goblet:315
48)	idir 1660 & 1685	Mornanton alias Maryvertowne	Inq. C.II AL:5 [= ‘Inq. temp. Car II Archdall’ AL:46]
49)	c1668	Mornanstowne Little 6 Mornanstowne 17 Mornanstowne	BSD Index <i>ibid</i> 17, 1663 sa téacs
50)	1672	Mornantowne	ASE (Brodigan) AL:5 ³³
51)	c1672	Nornanstowne (<i>sic</i>) ³⁴	Is HD Goblet:315
52)	1777 corrected to 1783	Mornington	T&S:91
53)	1786	Mornanton	Archdall Mon Hib (White):528
54)	1787	Mornington	Long Map 1787 (Sheppard):AL:5 ³⁵
55)	1812	Mornington	Is Larkin
56)	1824	Moiantowns	HC Sy & Val Rept AL:5 [Tá an -s# doiléir.]
57)	1829	Moiningtown	BS AL:5
58)		Moinantown	GJ Rates (Old Docket):AL 5
59)		Mornington	TCB AL:5
60)	1836	Mornington	AL:5 ‘Blackburn Esqre who resides in the principle house in tld’
61)	1836	Mornantown	JOD AL:5

³² ‘The Parrish of Colpe ... contains ... tnlds ... Mornantowne ... There stands a old Church at Stagreenan and another in Mornantowne ...The total of forfeited lands is... Mornanstowne’ (*op cit*).

³³ ‘Copy ... taken from the book of forfeitures & confirmed by the act of settlement of 1662 or 12th Charles 2nd’ (AL:46).

³⁴ Botún peannaireachta is cúis leis an #N- is dócha.

³⁵ = ‘Map of Betaghstown belonging to Sheppard Esqre date 1787’ (*op cit*).

62)	1986	Mornington	Room 1986:92
63)	1836	Baile Mhórnan, 'Mornan's town'	OD:AL ³⁶
64)	1836	Baile Mhornan	pl:AL ³⁷
65)	1928	Baile na Mairnéalach	Ó' Meachair 1928:128
66)	1910	Baile mo Ernáin	Onom Goed:93
67)	[? 1960]	Baile M'Earnán	Ó Foghludha Gan dáta:58
68)	[?]	Baile Mairnéar	TS 4 <i>logainm.ie</i> 2010
69)	1969	Baile Uí Mhornáin	AGBP:56
70)	2010	'mɔrniŋ təun	fogharscríobh, Damian Mc Daid

Is i bparóiste Cholptha/ *Colp* i mbarúntacht Dhamh Liag Íochtarach i gContae na Mí atá an baile fearainn *Mornington*. Is cosúil gur logainm dhá mhíre atá ann a claochlaíodh go mór sular tháinig an cruth *Morning-* agus *-ton/ -town/ -towne* air, ach is cinnte gur ainmníodh *Mornington* i ndiaidh **Robertus Marinerus*, a bhfuil trácht air i gcáipéisí Laidine de chuid na 13ú haoise, mar a fheicfear thíos. Rianófar forbairt an logainm anseo ag tosú le foirmeacha Laidine na 13ú haoise.

Tá teacht ar an struchtúr VILLA + AINM AGUS SLOINNE *Robert- Marin-* [+ *infillteacha*] ie *villa Roberti Marinerii/ Marinarii* sna leaganacha (1), (2), (3). Faightear an struchtúr VILLA + SLOINNE chomh maith sna leaganacha *villa Marinorum/ Marinariorum/ Marinerii* (1), (4) - (7), (9), (10), (12) - (15) agus is mar *Roberti le Mariner in villa de Mariners* atá an tagairt le fáil in (8). Tá sé spéisiúil gur baineadh leas as an nginideach uatha nuair a luadh an fear ina ainm agus ina shloinne, féach *villa Roberti Marinerii* (1), (2), (3), ach gurb é an ginideach iolra a cleachtaíodh nuair nár luadh ach an sloinne - *marin-/marenari* + *-orum* - (1), (4), (5), (6), (9), (12) - (15), cé is moite den eisceacht .i. *de villa Marinerii* (7), (10). Tá an dá struchtúr le fáil sa cháipéis is luaithe a aimsíodh don staidéar seo, féach *villa Marinorum* (1) agus *villa Roberti Marinerii* (1).

Is sa bhliain 1242 a léiríodh an logainm seo *Maryner-* + *s* sealbhach an Bhéarla + leagan de TOWN .i. *-tone-*, den chéad uair, féach *Marynerstone* (11). Bheadh sé thart ar 100 bliain sula bhfeicfí leagan den struchtúr sin arís .i. *Marinerston* (16), (17) <

³⁶ 'In this tld Old Graveyard & Church ruins.' (AL: OS 88/20)

³⁷ Tá cúpla nóta breactha ar an AL a bhfuil an dara ceann díobh doiléir, féach 'A well in **Mornantown** called St John's Well', agus 'the name of the man who first po ...[lámhscríbhinn doiléir] ... in tld' (AL *ibid*).

MARINER +S + TON sa 14ú haois.³⁸ Léiríonn (21) *Marynereston* malairt leagan den mhír shealbhach, –ES-. Féach freisin go bhfuil an fhoirm sin le fáil uair amháin eile sa dara leath den 16ú haois *Marinereston* (23), agus ag tús na 17ú haoise (34).

Tá foirm ann a scríobhadh sa 14ú haois (agus tá dhá shampla di le fáil i gcáipéisí na 15ú haoise freisin, féach (19), (20), a bhfuil an chosúlacht uirthi gur *Maryneston* (18) atá inti, ach tharlódh nach léiriú cruinn ar an bhfoirm atá intise, mar a bheadh sí sa bhunlámhscríbhinn, toisc go léiríonn an t-eagrán go bhfuil giorrúcháin sa lámhscríbhinn (san áit a bhfuil an cló dubh) - is é sin go bhfuil comhartha beag os cionn an –e- (roimh –s- na míre sealbhaigh). Creidim go gciallaíonn sé seo go bhfuil –er- le tuiscint ón giorrúchán. Mar sin ba chóir *Marynereston* (< *Maryner* + *s* + *ton*) a léamh in áit *Maryneston*. Maidir le *Marinestou* (20), ní amháin go bhfuil an giorrúchán thuasluaite le fáil san fhoirm sin, ach is cosúil go bhfuil míléamh déanta ar an litir –u# freisin. Bhíodh an nós ag scríobhaithe lámhscríbhinní Laidne na 14ú haoise, na litreacha *n* agus *u* a scríobh mar dhá stríoc chomhthreoracha gan aon cheangal orthu thuas ná thíos,³⁹ agus cé nach bhfaca mé an lámhscríbhinn lena chinntiú gurb amhlaidh atá, tá an fhéidearthacht láidir ann go ndearnadh meascán mearaí de na litreacha *n* agus *u* agus an t-eagarthóir ag déanamh tras-scríbhinn ar an dá stríoc. Maidir le *Marynton* (22), thabharfainn buille faoi thuairim go seasann an giorrachán *n* le haghaidh –ner-; más ea, ba chóir *Marynerton* a léamh don fhoirm sin.

Ag cloí leis an leagan *Mari(y)ner(e)ston(e)* go fóill, is é an chéad athrú eile a fheictear i bhforbairt an logainm, ná gur thosaigh an mhír shealbhach ag dul i léig, sa 16ú haois, féach (26) - (33). Ní athrú tobann a bhí anseo - bhí foirmeacha leis an mír shealbhach le fáil in 1527 agus in 1531 (23). Uaireanta bhí foirmeacha leis an mír shealbhach le fáil sa cháipéis chéanna ina raibh foirmeacha dá huireasa le fáil freisin - féach na samplaí (30), (31), (33), a scríobhadh i gcáipéisí na 16ú haoise, chomh maith leis na samplaí (34), (36), (46) a scríobhadh i gcáipéisí na 17ú haoise.

Tá réimse leathan litrithe le fáil ar an gcéad eilimint, féach *Mariner/ Maryner- /?Marlan- /Marnan- / Marner-* (16) - (24).⁴⁰ Seasann na foirmeacha *Marnan-* (26) agus

³⁸ Féach freisin *Marynerston* (26), ceann de na leaganacha a bhfuil teacht air sa 16ú haois. (Is dócha gur scríofa i Laidin a bhí sé sa bhunchóip. Is cosúil gur dóth an chóip sin sa bhliain 1922 (CI 1991:viii-ix). Tá leagan amháin eile *Mornanston* (33) ina bhfuil teacht ar an mír shealbhach i gcáipéis Laidine AD 1626. Pléifear na hathruithe eile a buaileadh ar an leagan sin thíos.

³⁹ Cleachtaíodh an nós sin in CGR, mar shampla, cf. an Réamhrá.

⁴⁰ Tá *Marlantoun/ ton* (23) corr leis an bhfianaise eile atá fiú sa cháipéis chéanna leis. D'fhágas istigh sa chomhad é, de bharr na gcosúlachtaí idir na hainmneacha Henry Byres (a bhain le Maryneston) agus Henry Byrt (a bhain le Marlantoun). Ní dócha go bhfuil foirm Bhrodigan (25) cruinn le hais na bunfhoinsé as ar tógadh í, cf. an Réamhrá.

Marner- (30) amach, mar go léiríonn siad coimriú sa dara siolla, gné a d'éireodh níos rialta sa logainm le linn na 17ú haoise. Ach an oiread le cúlú na míre sealbhaigh, níor tharla an coimriú thuasluaite go tobann, agus tá foirmeacha gan choimriú agus foirmeacha le coimriú le fáil sna cáipéisí céanna in amanna le linn na 17ú haoise.

Tharla athrú suntasach eile in éineacht leis an gcoimriú thuasluaite agus an fhorbairt ó Mheán-Bhéarla go Nua-Bhéarla ar bun, de bharr an *Great English Vowel Shift*, próiseas athrú mór na ngutaí a tharla sa teanga sin sa 15ú agus sa 16ú haois ach go háirithe. Chuaigh sé i bhfeidhm ar an logainm atá faoi thaighde anseo, agus feictear athrú an ghuta *-a-* sa chéad shiolla go *-o-* dá bharr, san áit a raibh coimriú déanta i gcéad siolla an logainm.⁴¹ Is sa 16ú agus sa 17ú haois a tharla na claochluithe seo i gcás *Marinerston/ Mornington*, agus baineadh leas as *alias* chun seanfhoirm an logainm a cheangal leis an bhfoirm nua, féach *Marinerston/ Mornanton/ Marynerston* (33), *Marinerston alias Mornanston* (34), *Marinerston or Mornanton* (36), *Mar[r]ynerton al' Mornanton* (38), *Mornanton al' Marynertowne* (40), *Mornanton alias Maryvertowne* (48). Leanadh leis an bpátrún nua seo .i. athraíodh chéadghuta /a/ na heiliminte stairiúla *Mari[y]ner*, (agus coimriú déanta ar an dara siolla) go /o/. Scríobhadh leagan lom den fhoirm nua as fhéin freisin sa 17ú haois, féach *Morman[s]to[w]n[e]*, (34), (37), (38), (39), (45) - (50),⁴² agus faoin 18ú haois, ní raibh /a/ le feiceáil níos mó i gcéad siolla an logainm, féach (52), (53), (54).

Tá dhá shampla ann (a bhfuil *alias* iontu) agus an chosúlacht orthu go bhfuil an focal *river* nó *ryver* iontu, féach *Marnanstown alias Mariverston* (35) agus *Mornanton alias Maryvertowne* (48), agus cé go bhfuil an baile fearainn lena dtagraíonn siad in aice le béal na Bóinne, agus cé go sníonn fo-abhainn bheag ón *Lady's Finger* i *Mornington* ó thuaidh chun na Bóinne, tharlódh gur míléamh ar *-n-* is cúis leis an *-v-*.

Seachas *Mornantown* (61), d'fhan an fhoirm *Mornington* ar an mbaile fearainn go rialta ón 19ú haois go dtí an lá inniu, féach (55), (59), (60), (62), ach sna leaganacha sin amháin a bhfuil an chuma orthu go bhfuil canúint áirithe de chuid Shasana á cur in iúl acu le tras-scríobh foghraíoch, féach - *Moiantowns* (56), *Moiningtown* (57) agus *Moinantown* (58). Is spéisiúil go raibh an fhoghraíocht áitiúil /təun/ le fáil ar

⁴¹ D'athraigh 18 as 20 guta an Bhéarla de bharr an *Great Vowel Shift* sa 15ú agus sa 16ú haois. Ardaíodh fuaimniú na ngutaí fada uile seachas /i:/ ('need') agus /u:/ ('food'). Níor athraigh litriú an Bhéarla, ámh, mar gur caomhnaíodh sa chlóg é de bharr fhionnachtain an chlópheasa c1475. De bharr an *Vowel Shift* seo, (atá fós bisiúil) tá na gutaí *a*, *e*, *i*, *o*, *u* fuaimnithe ar bhealach eile seachas mar atá sa chuid is mó de theangacha na hEorpa. Ar ndóigh tá roinnt mhaith scríofa faoin *rounding due to a following r* freisin. Tharla an t-athrú *-ar-* go *-or-* sa Bhéarla idir 1500 agus 1700 (Dobson 1968, §199 (c):725).

⁴² Faightear an /o/ in *Nornastowne* (51) freisin, foirm le #N- scríofa inti trí thimpiste ní foláir.

phríomheilimint an logainm in urlabhraíocht dhuine áitiúil sa bhliain 2014, féach /'mɔrnɪŋ, təʊn/ (70).

Is cosúil gur cruthaíodh na teidil *Baron* agus *Earl of Mornington* sna blianta 1746 agus 1760 (Mac an Bháird 1969:73-75), agus tá an logainm *Mornington* (52) le fáil sa bhliain 1777 den chéad uair, céad bliain ón am ar scríobhadh na leaganacha *Mornan(s)to(w)n(e)*. Chuaigh ainm an Iarla *Mornington* i bhfeidhm ar logainm áite i *London*, féach:

This is the Mornington who was the elder brother of the
Duke of Wellington...who in turn gave the name of
Mornington Crescent in London (Room 1986:92).

Maidir leis na foirmeacha Gaeilge, tá siad bunaithe ar thrí bharúil éagsúla agus na struchtúir éagsúla a leanas orthu:

1. BAILE + MO⁴³ + *Ernán* (sa tuiseal ginideach)
2. BAILE + SLOINNE (Mornan/ Mórnan /Uí Mhórnáin/ Uí Mhórnan. Tá leagan eile ag an SO, *Baile Mairnéar* (68) gan aon dáta luaite leis.
3. BAILE + ALT + AINMFHOCAL (*mairnéalach* sa tuiseal ginideach iolra)

1. Mhol an t-Ógánach agus Ó Foghludha *Baile mo Ernáin* (66) agus *Baile M'Ernán* (67) i ndiaidh naoimh den ainm sin,⁴⁴ cé gur minicí TEACH, TEARMANN, DÍSEART, TEAMPAILL, DOMHNACH, CILL nó MAINISTIR a bheith luaite le hainm naoimh i logainmneacha na tíre (Flanagan 1969). Tá sé neamhdhóchúil go bhfuil ceangal idir *Morning-* agus *mo Ernáin/ M'Ernán* i bhfianaise na samplaí stairiúla a bailíodh, agus i bhfianaise fhorbairt an logainm mar a rianaíodh thuas, ámh, cé nach bhfuil fóineolaíocht chéad-siolla an dá eiliminte *Morning-* agus *M'Ernán* neamhchosúil.

2. Tá tagairt do *cuan Bhail' Uí Mhórnáin* (41) sa dán 'Iomáin na Bóinne' a rinne Séamas Dall mac Cuarta (c1647 - 1733), agus an chosúlacht uirthi gur réamh-mhúnla í don logainm Gaeilge a lean sa 20ú haois, féach (69), (ach nach bhfuil síneadh fada ar an gcéad siolla). Is iad na leaganacha eile a moladh sa 19ú haois ná *Baile Mhórnan*

⁴³ Chuirfí na siollaí *mo* agus *do* mar fhoirmeacha ceanúla nó urraimiúla roimh ainmneacha na naomh uaireanta (Joyce 1869:148).

⁴⁴ Tá 13 *Ernéne* agus *Ermine* amháin luaite in innéacs Mart Tall (244) agus tá ceathrar *Ernán* agus *Ernín* amháin luaite in innéacs GRSH (162).

‘Mornan’s town’ (63) agus *Baile Mhornan* (64) agus is léir gur chreid Ó Donnabháin gur sloinne a bhí ag cáiliú an logainm nuair a scríobh sé:

The title Mornington must establish this orthography though no doubt Mornanstown would be more correct (AL 20:5, féach (58) thuas.

Is cosúil nach mbaineann an sloinne *Mornan* le Contae na Mí, ach baineann sé le *Kenmare* (Woulfe 1923:613). Tharlódh sé go ndearna Séamas Dall mac Cuarta (c1647-1733) an t-aistriúchán aischruthaithe *Baile Uí Mhórnáin/ bail’ uí mhórnán/ Baile-uí Mhórnán/ baile-í mhórnán* (41) - (44), ar an bhfoirm *Mornantowne* thart ar 300 bliain ó shin. Ar ndóigh, tá teacht ar shamplaí de *Mornantowne* lena linn. An bhféadfadh sé gur meascán d’aistriúchán seimeantach atá sa chéad eilimint BAILE agus Gaelú ar an dara heilimint atá sa leagan Gaeilge *Baile Uí Mhórnáin* (41)?

3. *Baile na Mairnéalach* (65) a mhol Ó Meachair. Ar ndóigh, is í sin an fhoirm is gaire do *villa Marinorum* (1), (4), (5), (6) (10)/ *de villa Marinariorum* (6), (9) agus do *villa de Mariners* (8),⁴⁵ agus is dócha gur tháinig sliocht *Roberti Marinarii* i gcomharbas air ina bhaile .i. in *villa Roberti Marinarii* (1), (2), (3), agus in *villa Marinerii* (7), (10).

Conclúid

Eascraíonn an logainm *Mornington*, atá buailte ar an bhfarraige, as claochluithe teangeolaíocha a imríodh ar *villa Marinorum/ villa Roberti Marinerii*. Is focail ghaolmhara iad *mare, marinus, muir* chomh maith le *marnier, mairnéalach* agus tá sloinnte bunaithe orthu sa Ghaeilge, sa Bhéarla agus sa Fhraincis.⁴⁶ Is iad *Villa Marinorum, villa Roberti Marinerii/ Marinarii, villa de Mariners [Town of Mariners], vill Marenariorum, Marynerstone, Marynerston, Marynerton, Marynereston, Marynertowne, Marinertown, Marinerston, Marinerstown, Marrenerton, Marnanton, Marnertown, Marnyston, Marnanstown alias Mariverston, Mornanton, Mornanston,*

⁴⁵D’fheidhmigh *Mariner* mar shloinne. Is ag muintir na mara a bhí an sloinne san Fhraincis – *Marnier* > *mariner* + meititéis. Féadann *Marin* a fheidhmiú mar ainm nó mar shloinne. Deir Morlet ‘nom de baptême et patronyme représenté le nom latin Marinus, cognommen romain, issu de l’adjectif marinus, marin’ (1991:665). Deir Hanks & Hodges go gcomharthaíonn *marin* gairm mhairnéalach (ón tSean-Fhraincis *marin* a tháinig ón Luath-Laidin ‘*marinus*, a deriv. of *mare* – sea’). Tugann siad na foirmeacha Béarla *Mar(r)iner* agus *Marner* ar an sloinne (1989:347). Is focail ghaolmhara (*cognates*) iad *mare* na laidine agus *muir* na Gaeilge, ar ndóigh.

⁴⁶Féach an fonóta roimhe seo. Tá sé spéisiuil go ndeir Woulfe gur ‘a corruption of Ó Manannáin’ atá i bhfoirmeacha an tsloinne (1923:613) nuair a chuimhnítear gur fheidhmigh *Manannán mac Lír* mar dhia na mara i miotaseolaíocht na gCeilteach (Ó hÓgáin1991: 286-289).

Mornanstown, Mornanstowne, Moinantown, Moiantowns, Moiningtown, Morningtown agus *Mornington* na leaganacha stairiúla a bailíodh don staidéar seo as cáipéisí Laidine agus Béarla. Aistriúchán seimeantach orthu seo is ea an leagan Gaeilge *Baile na Mairnéalach*. Dealraíonn sé nár bhain lucht an tsloinne *Mornan/ Uí Mhorman/ Mhórnán/ Mairnéar* leis an mbaile fearainn, agus mar sin, tharlódh gur meascán d'aistriúchán seimeantach agus d'aistriúchán foghraíoch atá sa leagan *Baile Uí Mhórnáin*. Is cosúil nach bhfreagraíonn *Baile mo Ernáin/ Baile M'Earnán* do *Mornington*.

Níl aon bhaile fearainn eile den ainm seo sa tír seo, ach is cosúil gurb é *Mornington* i bparóiste Cholptha/ *Colp* is bunús leis an logainm *Mornington Crescent* i dtuaisceart Londain Shasana.

Ní fios cén t-ainm a bhí ar an áit sular tháinig an Normannach **Robertus Marinerus/ Roberti Marinarii* (gin) / *Robert le Marnier* go Contae na Mí.

[11] NEWTOWN

* An Baile Nua nó *Baile Nua Cholptha (roghanna an taighdeora 2014)

- | | | | |
|-----|---------|---|--|
| 1) | 1408 | Newton | CLXV Extenta ... possessionum ... ICL:181 |
| 2) | 1471-72 | le Neweton de Stamene | Ed IV SRPI i:862 |
| 3) | 1540-1 | [Newton <i>Damh Liag</i>] | Possessiones ... Lanthony in Anglia
... <i>Comitatus Midie</i> CSL 1540-1:33
[villata de Newton X 2 <i>ibid</i> :31, 33
<i>Damh Liag</i>]
the Newton of Colpe <i>ibid</i> :34 |
| 4) | 1540-1 | Newton [?P Colp] | IMP 1540-1:315 |
| 5) | 1616-17 | Newton juxta Drogheda | Jac I, 14 Inq Lag |
| 6) | 1627 | Stameene in Newtowne | Car I 30 <i>ibid</i> |
| 7) | 1629 | Newtowne de Stameene | Car I 49 <i>ibid</i> |
| 8) | 1654-56 | Newtowne X 2
Newtowne ⁴⁷ | CS 3 The Parish of Colpe
49 |
| 9) | 1657 | Newtowne

Newtowne

Newtowne | DS An Index of Townes Names with
the pages where to find them.
DS The Parrish of Colpe ... contains ...
tnlds ... Newtowne ...
The total of forfeited lands is ...
Newtowne ... |
| 10) | | 3 Newtown | The Parrishes of Killcarvan Colpe &
Julianstown by W ^m Farrand.
An exact copy by Dan ^l O Brien Surv ^r |
| 11) | c 1668 | [Newtowne 3:7]
Newtowne 16
Newtowne | BSD Index ⁴⁸

<i>ibid</i> 16, 1666 sa téacs |
| 12) | 1786 | Newtown | Archdall Mon Hib (White):528 |
| 13) | 1824 | Newtown | HCSV:AL 48 ⁴⁹ |

⁴⁷ Tá trí cinn de *Newtowne* éagsúla liostaithe sa CS:49, a bhfuil ceann amháin díobh sainithe - *Newtowne upon Knockaman*.

⁴⁸ Is leis na paróistí *Duleeke* (BSD:2), *Arcath Piercetown and Clonalvy* (BSD:7) a bhaineann siad seo.

⁴⁹ 'HC Sy & Val Rept 1824' is ea an noda ar AL:48

14)	1836	Newtown	BS AL:48
15)	1836	Newtown	TCB AL:48
16)	1836	Newtown	GJ Rates (Old docket) AL:48
17)	1836	Newtown	JOD AL:48
18)	1836	Baile nuadh	OD: AL:48
		Baile nuadh, new town	Peann luaidhe: AL:48
19)	2010	'nju: 'təun	fogharscríobh, Paddy Lenihan
		'nju; təun	Damian Mc Daid

Is i bparóiste Cholptha/ *Colp* i mbarúntacht Dhamh Liag Íochtarach i gContae na Mí atá an baile fearainn *Newtown*. Is cosúil gur logainm dhá mhíre atá ann - *new* agus *-ton/ -town/ -towne*. Níor tháinig mórán athraithe air ón gcéad shampla a bailíodh as cáipéis a scríobhadh ag tús na 15ú haoise. Tá roinnt fianaise le fáil ar chuid mhór áiteanna a bhfuil *Newtown* orthu i gContae na Mí, ach uaireanta bíonn sé deacair réiteach a fháil ar cén *Newtown* a bhíonn i gceist leo.⁵⁰ Roghnaíos aon *Newtown* ábhartha mar fhianaise don Tábla thuas, ar an mbonn (i) go raibh sé ar liosta bhailte fearainn pharóiste *Colp(e)*, féach samplaí (1), (3), (8), (12); (ii) go raibh áit nó áiteanna i g*Colp* luaite in éineacht leis sa cháipéis, féach (2), (5), (6) (beidh tuilleadh plé ar na samplaí sin thíos); (iii) Ghlacas le fianaise *Ainmleabhar* Uí Dhonnabháin freisin, (13) - (18); agus ar ndóigh (iv) is furasta glacadh le háit atá marcáilte ar léarscáil (9), nó mar a bhí ag Ó Donnabháin - (14); (v) Tá trí cinn de *Newtown* ábhartha luaite sa BSD (11). Níl aon fhianaise ar *Newtown* i bparóiste *Coulpe (sic)* le fáil i *Census* 1659, cé go bhfuil *Newtowne* i bparóiste *Duleeke* agus *New towne* i bparóiste *Knockamon* taifeadta san fhoinsé sin (479, 480).

Maidir le (2), (6), (7), tá *Stameen* soir ó dheas ó *Newtown* Cholptha agus teorantach leis, agus ar an údar go bhféadfadh an *Newton* (1) leathnú trasna na teorann isteach sa chéad bhaile fearainn eile, luaigh mé na foirmeacha *le Neweton de Stamene* (2), *Stameene in Newtowne* (6), *Newtowne de Stameene* (7) san fhianaise. Ar ndóigh, tá os cionn 50 bliain idir (1) agus (2), agus d'fhéadfadh baile fás nó leathnú sa tréimhse ama sin.

⁵⁰ Rinneadh cur síos sách cruinn ar shuíomh an *Newtown* uaireanta - féach *Newtown near Athboy* a bhfuil teacht air i gcáipéis a scríobhadh roimh an 14ú haois, mar shampla (CGR 1916:141 f.183) agus *Newtownplatin* atá marcáilte ar léarscáil na SO (1835/6 revised 1899).

Is léir go raibh gá le NEWTOWN a cháiliú *Newton of Colpe* (CSL, (3) thuas), mar luaitear dhá *Newton* eile san fhoinsé sin. Seo achoimre den iontráil mar atá sa cháipéis:

[Fothideal:] Villata de Dulyke ... [Fothideal:] Newton. Et in villata de Newton sunt due acre terre arrabilis (30-1).

[Fothideal:] Rectoria ecclesie parochialis de Duleke. Et dicunt quod decima garbarum rectorie ecclesie parochialis de Duleke parcella possessionum predictarum colligitur annuatim in forma sequenti ... [liosta fada áiteanna] ... villata de Newton per 4 copulas ... (32-3).

[Fothideal:] Rectoria de Colpe. Et quod garbarum rectorie ecclesie parochialis de Colpe ... in forma sequenti videlicet in villata de Colpe ... the Newton of Colpe... (34).

Bhíos idir dhá chomhairle, maidir le *Newton juxta Drogheda* (5) a lua san fhianaise, toisc go bhfuil Droichead Átha ar an taobh thuaidh den Bhóinn, ach shíl mé go mb'fhéidir go mbeadh an baile sin leathnaithe trasna na Bóinne faoin 17ú haois an t-am a scríobhadh sampla (5), (tá *Newtown* siar ó *Stagreenan*); agus ar ndóigh bheadh an *vil' de magna Stamen*, atá luaite sa cháipéis chéanna, ar an taobh ó dheas den Bhóinn - tá an baile fearainn *Stameen* teorantach le *Colp*: mar sin, ghlacas le (5) mar fhianaise.

Mhol Ó Donnabháin *Baile nuadh* (17) mar leagan Gaeilge ar an áit in 1836. Breacadh leaganacha Gaeilge de *Newtown* síos go minic - ní hamháin go bhfuil go leor réamhshamplaí le fáil sna foinsí dúchasacha ón 13ú haois i leith, arbh é 'Caislén *an bhaile nuí*' i gCill Mhantáin, a scríobhadh sa bhlain 1295, an ceann is luaithe a frítheadh don staidéar seo, ach tá leaganacha le fáil sna cáipéisí Laidine, Francise, agus Béarla freisin, féach Caibidil 3, **10.1**. Liostaíonn *logainm.ie* (2010) 196 ásc den logainm *Newtown* agus tá dáileadh fairsing ag *Newtown* thar 26 chontae den tír.⁵¹

Luaitear 13 shampla den leagan Gaeilge *An Baile Nua* in FSÁG – is leis an alt atá siad uile le fáil (ii:51-52).

As 11 bhaile fearainn a bhfuil *Newtown* orthu i gContae na Mí, baineann trí cinn díobh leis an mbarúntacht Damh Liag Íochtarach; tá siad le fáil sna paróistí seo: *Colp*, Damh Liag agus *Knockcommon* faoi seach.

⁵¹ Níl ach 6 chontae ann nach bhfaightear *Newtown* iontu. Is iad sin Dún na nGall, Doire, Tír Eoghain, Muineachán, Liatroim agus Ciarraí.

Barúntacht: Damh Liag Íochtarach **Paróiste:** Colp

[12] PAINESTOWN cf. [86] PAINESTOWN

***Baile Phaghain** (NÓM 2013, rogha an taighdeora 2014)

- 1) 1212 terra Ade Dullart et Pagani fratris sui¹ Reg. Kilm. 139 (TS *logainm.ie*)
- 2) c1252 terra Nicholai filii Pagani (gin) CXIII Carta eiusdem Willelmi de una carcucata terre ibidim cum pertinenciis ... manerio de Colp ICL:115
- 3) 1260 ...aliam terram ... Nicholai filii Pagani CXXV Carta eiusdem Alicia de eisdem *ibid*:117
- 4) 1260 Pagani X 2 CXXVII Confirmacio eiusdem Alicia de omnibus terris ... de ... manerio de Colp... *ibid*:118-9
- 5) 1380 Payneston iuxta Colpe CLXIII *ibid*:176
- 6) 1408 Payneston CLXV Extenta omnium possessionum ... Manerium de Colpe... [Fotheideal] *ibid*: 181
- 7) 1460 en Payneston iuxt Colpe SRPI Hen VI: 700
- 8) 1460 [lez app^rten^antz en] Payneston [Colpe] SRPI Hen VI: 702
- 9) 1529 Payneston Hen VIII 48/90 CI 1991:27
Payneston Duleek
[?Dullarde]
- 10) 1537 Payneston near Colpe H VIII 102/7 *ibid*:55
- 11) 1538 Payneston H VIII 111/39 *ibid*:61
- 12) 1540-1 villata de Payneston Possessiones ... de Lanthony in Anglia ...
CSL 1992:34 *Fotheideal*: Rectoria de Colpe
- 13) 1540-1 Payneston [Manor of IMP 1540-1:315
Colp]
- 14) 1569 Payneston F 1460 TT *logainm.ie* 2010

¹ 'Fratribus Jerusalemiani Hospitalis in Ybernia constitutis. terra Ade Dullart et Pagani fratris sui... de Legno' (*op cit*), aistrithe: 'Pope Innocent III's confirmation of their churches with the appurtenances to the Brethern of the Hospital of Jerusalem in Ireland' (*ibid*:138).

		Paynston	
15)	1576	Painston ²	Eliz 76/57 CI 1991:220
16)	1578	Paynston	IFTS ii (Eliz) : 472 F3434
	1582	Paynston	<i>ibid</i> :533 F3856
17)	1602	Payneston	Eliz 251/170 CI 1991:315
18)	1605	Painstoune	CPR 68b
		Painestoune	CPR 68a TS <i>logainm.ie</i> 2010
19)	1612	Paynestoune	CPR 231a TS <i>logainm.ie</i> 2010
20)	1620	Painstown	CPR 462a
		Painstown	CPR 462b TS <i>logainm.ie</i> 2010
21)	1622	Painstown	CPR 531b TS <i>logainm.ie</i> 2010
22)	1617	Paineston	Jac I:21 Inq Lag
23)	1659	Pains towne [P Coulpe]	Census:482
24)	[1536/] ³	Payneston	Inq. Hen. VIII Navan (Brodigan) AL:11
25)	1654-56	Painstowne	CS:3, 4 (X 2), 49 ⁴
26)	1655-9	Paynes Towne	Is BN Goblet:328
27)	1657	Painstown 9	The Parrishes of Killcarvan Colpe & Julianstown by W ^m Farrand. An exact copy by Dan ^l O Brien Surv ^r
		Painstowne	DS: Cur síos ar bhailte fearainn <i>Colpe</i>
		Paynestowne	DS: Cur síos ar bhailte fearainn ‘forghéillte’ nó glactha i seilbh na Sasanach
28)	c1668	Paynestowne15:17	BSD Index
		Paynestowne Parish	<i>ibid</i> 17, Teideal sa téacs
		Paynestowne	<i>ibid</i> 17, 1666, 1667 sa téacs
29)	1672	Painestowne	Is HD Goblet:328
30)	1812	Painstown	Co Map 1812 AL:11
		Painstown	Larkin (TS <i>logainm.ie</i>)

² ‘Robert Bathe of *Colpe* in *Painston*’ (*op cit*).

³ ‘Copy (Brodigan Esqre of Billtown) of inquisition held at Navan ... in the 28th year of King Henry 8th. AL 43.’ Tá an cháipéis seo bunaithe ar bhunchóip a scríobhadh sa bhliain 1536/7 a fuair ÓD sa 19ú haois, ach níl dáta na bunchóipe againn. Féach freisin (24) sa Tábla: ‘Copy (Brodigan) taken from the book of forfeitures & confirmed by the act of settlement of 1662 or 12th Charles 2nd’ (AL 46). Féach freisin (32) thuas: ‘Grant J.I (Brodigan)’ (AL 11) atá mínithe ‘Copy ... of translation of Charter of Walter de Lacy reciting & confirming a grant made by Hugh his father of various churches & lands in Ireland’ (AL 42), cf. an Réamhrá.

⁴ Féach freisin ‘The Parish of Painstowne’ (CS:43).

31)	1824	Painstown	HC Sy & Val Rept AL:11
32)	1829 ⁵	Painstown	Boundary Sketch AL:11
33)	1830	Painestown	Tithe Composition Book AL:11
34)	idir 1603 & 1625	Payneston	Grant J.I (Brodigan) AL:11
35)	?1697	Paines Towne	Quit Rents (Old Copy):AL:11
36)		Painstown	GJ Rates (Old Docket):AL:11
37)	1836	Painestowne	JOD AL:11
38)	1835/6 revised 1899	Painestown	Is SO
39)	1836	Baile Fhaodhan Baile faodhan Baile Phaodhan	OD AL:11 (TS <i>logainm.ie</i> 2013) Peann luaidhe <i>ibid/</i> O’Conor (OSL:138) dúch TT <i>logainm.ie</i> 2013
40)	1989	Baile Phaghain	NÓM TS <i>logainm.ie</i> 2013
41)	2010	'pe:nəs'təun 'pe:ns'təun	fogharscríobh, Paddy Lenihan, Damian Mc Daid

Tá dhá bhaile fearainn i nDamh Liag Íochtarach a bhfuil *Painstown* orthu. Is i bparóiste Cholptha/ *Colp* atá ceann acu agus is i bparóiste *Painestown* atá an ceann eile. Pléifear an *Painestown* atá i bparóiste Cholptha/ *Colp* anseo.

Is cosúil gur *logainm* dhá mhíre atá in *Painestown* .i. *Paine* agus *town*, agus mír shealbhach an Bhéarla á nascadh le chéile. Tháinig *Paganus* go hÉirinn in éineacht le *Hugo de Lacy* ag deireadh na 12ú haoise (Brady 1961:39)⁶ agus tá tagairt le fáil ón mbliain 1212 i leith *terra Ade Dullart et Pagani fratris sui* (1), chomh maith le tagairt eile a rinneadh do *Nicholai filii Pagani* i lár na 13ú haoise (2). Níor frítheadh fianaise *Pagani* mar eilimint sa *logainm* i bparóiste Cholptha/ *Colp* go dtí deireadh na 14ú haoise, ámh, os cionn céad bliain ina dhiaidh sin, féach (3) ar aghaidh sa Tábla thuas.

Léiríonn an fhoirm *Paynestoun* (5) go bhfuil an consan coguasach /g/ idir an dá ghuta in *pagan* cailte agus go bhfuil fad curtha leis an nguta mar chúiteamh, forbairt a tharla sa dara leath den 13ú haois nó sa chéad leath den 14ú haois. Is mar sin atá an

⁵ c. 1830 ar TT *logainm.ie*

⁶ ‘Hugo de Lacy was given almost royal powers over [Meath] by Henry II in 1172, on condition he provided the king with 50 knights... to Adam Dullard [he gave] lands near Navan, which bears his name and that of his relative Paganus, namely Dollardstown and Painstown’ (*op cit*). Ní luaitear Paganus in *La Geste des Engleis en Yrlande* (Mulally 2002).

fhianaise don *Painestown* eile atá i bParóiste *Painestown* freisin, a phléifear níos deireanaí sa tráchtas.⁷ Is gnáthphróiseas fóineolaíochta atá léirithe anseo,⁸ agus cé is moite de shaormhalairtí litrithe *Payne-/ Paine-* a fhaightear sa cháilitheoir, agus dhá leagan den mhír shealbhach *-es-* agus *-s-* atá nasctha le foirmeacha éagsúla na príomheiliminte *-ton/ -toun/ -towne/ -town*, is i riocht *Payn[e]ston/ Pain[e]stown[e]* atá foirmeacha stairiúla Béarla an logainm le fáil ó shin i leith. Feidhmíonn *Payne/ Paine* mar shloinne go dtí an lá inniu, ar ndóigh (Woulfe 1923:657).⁹

Tá roinnt fianaise ar chuid mhór áiteanna a bhfuil an t-ainm *Painstown* orthu i gContae na Mí agus uaireanta bíonn sé deacair cinntiú cé acu *Painstown* a bhíonn i gceist leo. Féach mar shampla:

(i) On 20 June 1540 he [James Orpey] granted all his lands in ... Duleek & Payneston, co Meath, to ... (17)

agus

(ii) The following husbandmen have goods to the value of £10 but have failed to provide themselves with arms as required by statute: ... William Corrigan of Payneston ... (9)

ach tá

(iii) Shan Begge of Payneston Duleek [? Dullarde] ... (9)

luaite sa cháipéis chéanna (9) agus má thagraíonn *Duleek* don bharúntacht, ní léir an bhfuil an *Payneston, co Meath*, (i) thuas, i bparóiste Cholptha/ *Colp* nó i bparóiste *Painestown* agus ní léir cé acu lenar bhain *Shan Begge* (iii) - ní thuigim cén fáth ar chuir Griffith, eagarthóir CI 1991 [?Dullarde] i ndiaidh *Duleek* (iii).¹⁰

Roghnaíos mar fhianaise ar an logainm aon tagairt ábhartha do *Painstown* as na foinsí Laidine agus Béarla, ar an mbonn go raibh sé (i) i liosta ainmneacha faoin bhfotheideal *Colp(e)*, féach (2), (4), (6), (25), nó faoi *manor of Colp* (13); (ii) go raibh

⁷ Uaireanta cáilítear *Painstown* le *Dullarde*, agus ós rud é go bhfuil an baile fearainn *Dollardstown* i bparóiste *Painstown*, beidh fianaise *Painstown Dullarde* á plé in éineacht le logainmneacha an pharóiste *Painstown* seachas anseo, áit a bhfuil bailte fearainn pharóiste Cholptha á bplé.

⁸ Tá sé coitianta sa Ghaeilge, féach CO 1958:102-108.

⁹ Maireann an sloinne *Paine* go comhaimseartha i Normainn na Fraince freisin. Is sloinne é, a tháinig anuas ó thaobh na máthar, tríd an bhfoirm *Payen* sa tSean-Fhraincis nó trí *Pagan, Pagand, Pagant* a tháinig ón Laidin *paganus*. Ciallaíonn sé ‘paysan, villager, rustique’. Deir Morlet go mb’fhéidir gur cuireadh an sloinne *Payen* ar naonáin a baistíodh ‘tardisment’ nó roinnt mall ina saol (1991: 748, 764). Liostaíonn Woulfe *Paine* agus malairt foirmeacha *Payen, Poyen, Paine, Payne, Poyne, Pyne* in Éirinn agus deir sé gur sloinne é a tháinig go hÉirinn le gabháil na Normannach (*op cit*).

¹⁰ Tá *Dollardstown* i bparóiste *Painestown*.

sé cáilithe le *iuxta Colpe/ de Colp* (5), *near Colpe* (10), nó go raibh áit nó duine a bhí bainteach le Colptha luaite sa cháipéis (15). (iii) Ghlacas le fianaise *logainm.ie* (14), (18) - (21), le fianaise an Ainmleabhair (24), (30) - (37), (39) agus ar ndóigh, (iv) b'fhurasta glacadh le háit atá marcáilte ar léarscáil, féach (26), (27), (29) agus (38). D'fhágas na tagairtí (11),¹¹ (17),¹² (22)¹³ sa Tábla freisin, cé nach féidir a rá go beacht cé acu *Painstown* lena mbaineann siadsan.

D'fhéadfadh sé gur mhol Ó Donnabháin *Baile Fhaodhan/ Baile faodhan* (39) sa 19ú haois, ar analach leis an leagan Gaeilge a thaifead O'Conor ó lucht labhartha Gaeilge don pharóiste *Painestown*, mar atá scríofa aige:

Painestown Parish is called Baile Faodhan (OSL:138)

ach mhol sé túslitir an tsloinne #P- a chaomhnú sa litriú i gcás an logainm *Baile Phaghain*, paróiste *Macetown* i mbarúntacht na Scríne. Caomhnaíodh an túslitir stairiúil #P-, chomh maith leis an litir /g/ atá i lár an tsloinne *Pagan* (ar séimhíodh í) i gcás Baile Phaghain, an leagan Gaeilge a cuireadh ar *Beauparc* sa bhliain 1969 (AGBP:53), agus is é an leagan céanna - *Baile Phaghain* - a mhol NÓM na Suirbhéireachta Ordanáis do *Painestown*, paróiste *Colp* sa bhliain 1989, cf. (40) thuas.

Tá naoi mbaile fearainn i gCúige Laighean a bhfuil *Painestown* orthu,¹⁴ a bhfuil ceithre cinn díobh le fáil i gContae na Mí, dhá cheann i gContae Chill Dara, dhá cheann i gContae Cheatharlach agus ceann amháin i gContae Lú. Is iad na leaganacha Gaeilge atá ar chuid díobh sin ná *Baile Faighean* [Lú],¹⁵ *Baile Phaghain* [Lú] (deimhnithe, *logainm.ie*, 21/6/10) agus *Baile an Phaghanaigh* [Ce] (neamhdheimhnithe *logainm.ie*, 21/6/10).

¹¹ Luaitear 'William Broun, rector of *Payneston*' sa cháipéis seo.

¹² 'On 20 June 1540 he [James Orpey] granted all his lands in ... Duleek & **Payneston**, co Meath, to ...'. (*op cit*).

¹³ Seo an téacs ábhartha: 'Duleeke 18 Mar' 1617. ... Jac' Fitz-John tenet ter' suas in Paineston' (*op cit*).

¹⁴ Thaifead Goblet foirmeacha stairiúla de *Painstowne* ó léarscáileanna BN agus HD sa 17ú haois i gContae Lú, i gContae Chill Dara agus sna paróistí *Kilpatrick* agus *Macetown* in *Eastmeath*, chomh maith le *Paynes Towne/ Painstown* i bparóiste Cholptha/ *Colp* (26), (29) thuas.

¹⁵ Is taifead ar fhoirm Ghaeilge de *Painestown* é *Baile Faighean* atá i bparóiste Chluain Mhór/ *Clonmore*, barúntacht Fhir Arda/ *Ferrard* i gContae Lú. Scríobhadh sa BS é agus cláraíodh san AL 1836 é.

[13] PILLTOWN

*Baile Phoill (ainm neamhdheimhnithe *logainm.ie* 2013, rogha an taighdeora 2014)

- | | | | |
|-----|---------------------------------|--|--|
| 1) | 1408 | Pulleston | CLXV Extenta ... possessionum ... ICL:181 |
| 2) | 1422-23 ¹ | Pyllestou | Rot Pat 84:228b |
| 3) | 1424 | Englyssh Colpe
alias Pillestou | Rot Pat 231, 14 Hen VI 2 |
| 4) | 1426 | Pyllestou | Rot. Pat. 2:241a (<i>logainm.ie</i>) |
| 5) | 1540-1 | villatis de Pylleston | Possessiones ad nuper prioratem de Lanthony
in Anglia pertinentes CSL: 34 |
| 6) | 1540-1 | Pilletiston | IMP 1540-1: 315 |
| 7) | 1619 | Pillestowne al'
Englishcolpe
Pillestowne | Jac I:36 Inq Lag |
| 8) | 1621 | ?Pilletston
?Pilletston ² | Jac I:54 <i>ibid</i> |
| 9) | 1624 | Pilletston | Jac I: 70 <i>ibid</i> |
| 10) | i ndiaidh
1598 | Pilledston | Eliz:6 <i>ibid</i> |
| 11) | bunchóip
1519 | Pyllestown | Inq. Hen. VIII (Brodigan) AL:12 ³ |
| 12) | bunchóip
1536-7 ⁴ | Pilleston | Inq. Hen. VIII Navan (Brodigan) AL:12 |
| 13) | idir 1603
& 1625 | Pyleston | Grant J.I. (Brodigan) ⁵ AL:12 |
| 14) | 1603-25 | Pillestowne | Inq.J.I AL:12 |
| 15) | 1603-25 | Pelletston | Inq.J.I AL 12 |

¹ 'anno 1 Hen VI 16 mar' (*op cit*).² Ar *Pilletston* eile a bheadh anseo? Tá sé ag tús liosta logainmneacha nach mbaineann le paróiste Cholptha/ *Colp*, féach: 'Nic' nup Baro de Howth, Rob' Barnewall de Donbroe & Joh' Cusake de Cussingston seis' fuer', ad us' dict' baron' de Houth, de 60 acr' ter' in **Pilletston** in co' Mid, 60 acr in Lishanston, 60 acr in Millton ... pmiss in Pillestton, Lishanston & Millton ...' (*op cit*).³ Deir Thomas Brodigan gurb é *Pilltown* 'the modern name' (1836 AL:12), cf. an Réamhrá.⁴ 'Copy (Brodigan Esqre of Billtown [*sic*] of inquisition held at Navan ... in the 28th year of King Henry 8th (AL: 43). [Réimeas Anraí VIII: 1509-1547. Rugadh Anraí VIII sa bhliain 1491].⁵ 'Copy (Brodigan) of grants by James Ist to Sir Garret Moore' (AL:45).

- | | | | |
|-----|--|--|---|
| 16) | idir 1649
& 1685 | Pylstown | Inq. C.II (Brodigan) AL:12 |
| 17) | [1660
<i>recte</i>
?1662] ⁶ | Pillstowne | ASE (Brodigan) AL:12 |
| 18) | 1654-56 | Pillistowne X 4
Pillstowne | CS 3, 4 (X 2), 49
4 |
| 19) | 1655-9 | Pillstowne | Is BN Goblet:328 |
| 20) | 1657 | Pillstowne 11

Pillstowne
Pillstown | DS Is The Parrishes of Killcarvan Colpe &
Julianstown by W ^m Farrand. An exact copy
by Dan ¹ O Brien Surv ^r

DS: Cur síos ar bhailte fearainn

Cur síos ar thailte ‘forghéillte’ nó glactha i seilbh
na Sasanach. [Féach freisin AL:12] |
| 21) | 1659 | Piles towne | Census: 482 |
| 22) | c1668 | Pillstowne 17
Pillstowne | BSD Index
<i>ibid</i> 17, 1663 sa téacs |
| 23) | 1672 | Pillstowne | Is HD Goblet:328 |
| 24) | 1739 | Pillstown P of
Colp | RDD AW i: 259, 598 |
| 25) | 1786 | Pylleston | Archdall Mon Hib (White): 528 |
| 26) | 1787 | Pilltown | Long Map 1787 (Sheppard):AL 12 ⁷ |
| 27) | 1812 | Pilltown | Co. Map 1812 AL:12 |
| 28) | 1824 | Pollstown | HCSV AL:12 |
| 29) | 1829 | Pilltown | BS AL:12 |
| 30) | 1835/6
revised
1899 | Pilltown Ho | Is SO |
| 31) | 1836 | Pilltown
Pilltown House | Peann luaidhe: Tho Brodigan Esqre of Pilltown
House, AL:12 |
| 32) | ?c1697 | Pilltowne | Quit Rents (Old Copy) AL:12 |
| 33) | 1836 | Pilltown | JOD dúch AL:12 ⁸ |

⁶ ‘copy ... taken from the book of forfeitures & confirmed by the act of settlement of 1662 or 12th Charles 2nd (AL:46).’ 12th Charles 2nd = 1660. An raibh an dáta mícheart ag Brodigan nó ag ÓD? cf. an Réamhrá.

⁷ ‘Map of Betaghstown belonging to Sheppard Esqre date 1787’ (AL:43)

⁸ ‘Pilltown Ho. in this tld’ (*ibid*). [H0 = House].

34)	1836	Baile an phoill	OD AL:12 ie town of the pill, or river-inlet
35)	14/10/80	Baile an phoill	R/A
36)	21/2/06	Baile Phoill	Úd Áit, PÓC, DGE
37)	2001	'piL, təun	fogharscríobh, Damian Mc Daid, Vincent Rooney

Is i bparóiste Cholptha/ *Colp* i mbarúntacht Dhamh Liag Íochtarach i gContae na Mí atá an baile fearainn *Pilltown*. Is cosúil gur logainm dhá mhíre atá ann – *Pull-/ Pyll-/ Pill-/ Pyl-/Pil-* agus *ton/ town/ towne*, agus mír shealbhach an Bhéarla á nascadh le chéile ón mbliain 1408 ar aghaidh go dtí an 18ú haois. Faightear an logainm gan mhír shealbhach ón mbliain 1786 i leith, cé is moite den fhoirm eisceachtúil *Pollstown* (27) a bailíodh sa 19ú haois.

Luaitear *Richard Pelle*, *John de la Pille* agus *Walter de la Pulle* mar fhinnéithe ar cháipéisí a scríobhadh sa 14ú haois (CGR 104, 39, 40, 83, 25, 26 (in ord croineolaíoch), agus tharlódh gur thógadar a sloinne ón áit ina rabhadar lonnaithe. Tá sé dóchúil gurb é sloinne *Walter de la Pulle* atá mar chéad-eilimint in *Pulleston* (1). Is le *-i-/ -y-* atá an chéad eilimint le fáil ina dhiaidh sin. Bhreathnaíos go bhfeicfinn an raibh an eilimint PUL le fáil i logainmneacha Shasana, agus d’aimsíos *Pulborough*, *Pulford* agus *Pulham* atá mínithe ‘hill or barrow by the pools’, ‘ford ... and HAMM by the pools’ faoi seach (Ekwall 1936:357).

Tá an siolla breise *-et-/ -ed-* le feiceáil roimh an mír shealbhach freisin, féach *Pylletestou* (2), (4), *Pilletestou* (3), *Pilletiston* (6), *Pillettston* (8), (9), *Pylletstown* (12), *Pelletston* (16), agus *Pilledston* (10).⁹ Tharlódh gurb í moirféim dhíspeagthach na Francise atá san *-et-/ -ed-* i leaganacha an logainm a scríobhadh sa 15ú haois. Ar ndóigh, is i bhFrancis na 15ú haoise a scríobhadh SRPI, cáipéisí Éadbhaird IV.¹⁰ Is cosúil gur cailleadh consan déadach *-et-/ -ed-* na moirféime sin, nuair a comhshamhlaíodh é i láthair na míre sealbhaigh *-[e]s-* sna foirmeacha *Pyl[l][e]ston* (5), (13), (16), (24), *Pill[e]sto[w]n[e]* (12), (14), (17), (18), (19), (20), (22) - (24), *Piles towne* (21) agus *Pillistowne* (18). Ní mé arbh é an focal Gaeilge *poill* a d’fhéadfadh a

⁹ Consan déadach glórach seachas consan neamhghlórach atá sa dara siolla de *Pilledston* (10) a scríobhadh le linn réimeas Eilíse agus atá corr leis na foirmeacha eile a bhfuil *-et-* iontu, féach (2), (3), (4), (6), (8), (9), (11), (15).

¹⁰ Féach *Pilleteston* BÁC atá scríofa i gcáipéisí Francise de chuid Éadbhaird IV sna blianta 1463 agus 1471-2 faoi seach (SRPI 232, 720). Féach freisin *Robert de Tippetot* (SRPI i:84). Deir Ekwall gur ó Tipp + et ‘a dim. of Tipp, pet form of Theobald’ a tháinig *Tippet* (1936:350). Litrítear an sloinne Francach *Thibaut* agus is mar *Thibaudier* a scríobhtar an *nom de domaine* (Morlet 1991:925). (Tá léirléamh eile air seo le feiceáil ar shuíomh na Suirbhéireachta Ordanáis, agus amhras léirithe faoi, féach: ? < Pill (Breatnais?) + et (foirceann a chuirtear le hainmneacha) Piléad?cf. *logainm.ie* (2010).

bheith sa leagan *Piles towne* (21), i riocht litriú an Bhéarla agus é nasctha le *s* + TOWN an Bhéarla.

Tá dhá shampla ann .i. *Englyssh Colpe alias Pilletestou* (3) *Pillestowne al' Englishcolpe* (7) a scríobhadh sa 15ú agus sa 17ú haois, nach léir cén áit atá i gceist léi go baileach; tá *Colp* suite díreach ó thuaidh de *Pilltown* anois - ar ndóigh is logainm seanbhunaithe Gaelach é *Colptha*, agus b'fhéidir gur lonnagh na heachtrannaigh *Pull/Pyll* i gcuid de *Colp*, agus má lonnagh, tharlódh gur tugadh *Englyssh Colpe alias Pilletestou* agus *Pillestowne al' Englishcolpe* air níos deireanaí de bharr a lonnaithe siúd.

Tá dhá *Pilltown* eile sa tír, a bhfuil ceann díobh ar chósta Phort Láirge agus an ceann eile ar chósta Loch Garman. Is mar 'a small river inlet' a mhínítear *Pill* ina gcás siúd. Tá *Pilltown/ Baile an Phoill* [PL] buailte ar shruthán a shníonn isteach i gcuan na hAird Móire/ *Ardmore*, agus tá an *Pilltown/ Baile an Phoill* [CC] suite gar d'fho-abhainn a bhfuil an *Pill* uirthi, a shníonn isteach in abhainn na Siúire. Is ón tSean-Bhreatnais *pill* a tháinig an focal *pyll* go Sean-Bhéarla (> OE 'pill, tidal creek, stream' (Ekwall 1936:358), agus d'fheilfeadh an míniú 'sruth taoide' don *Pilltown* atá i bPort Láirge.¹¹ Tá tagairtí stairiúla do *Pilton* éagsúla in *Devonshire* AD 1121,¹² in *Rutland* 1202,¹³ agus do *Pulton, Somersetshire* 1086¹⁴ (Ekwall 1936:348-49).¹⁵ Is í an phríomhdhifir, ó thaobh struchtúir de, idir foirmeacha Shasana agus foirmeacha an logainm atá á fhiosrú anseo, (cé is moite de chomharthú na míre dhíspeagthachigh a léiríodh thuas), ná gur baineadh leas go rialta as an mír shealbhach *-es-/ -s-/ -is* ar feadh beagnach 400 bliain, i gcás *Pilltown* na Mí.

Níl *Pilltown* i bparóiste Cholptha/ *Colp* teorantach leis an gcósta, ámh. Bhíodh abhainn mar theorainn idir *Pilltown* agus *Colp East* (ó thuaidh de) sa bhliain 1836 de réir léarscáil [6 horlach] de chuid na SO, agus tá cuid d'abhainn eile ó dheas mar chuid den teorainn theas idir *Pilltown* agus *Ballymad* ar an léarscáil chéanna. Ní féidir aon abhainn a fheiceáil ar an n*Google map* go comhaimseartha, ach seans go bhfuil an áit draeineáilte, nó go bhfuil lintéir tógtha faoin am seo, cé go bhfuil na haibhneacha seo

¹¹ Is é *Pyll* an litriú atá ag Mills (1991:383). Tá *Pill* mar eilimint sa logainm *Rosspile*, áit atá suite gar do *Bannow Bay* i LG, agus tá sé le sonrú sa logainm *Pill Lane*, a bhíodh suite ar fho-abhainn na Life i mBÁC, sular tógadh ballaí na gcéibheanna (Joyce c1870: 262). Bheadh sé intuigthe go raibh sruth taoide i gceist thimpeall *Rosspile* agus thimpeall *Pill Lane*. Féach an logainm *Pilton* i Sasana freisin (Ekwall 1936:349).

¹² Rolls Ser.1899, féach Fr = *Documents preserved in France* (Ekwall 1936:xi).

¹³ Ass = *Assize Rolls* (*ibid*: xxxviii)

¹⁴ DB = *Domesday Book*, London 1783-1816 (*ibid*: xxxix).

¹⁵ Tá bunús eile le *pīl* de réir Ekwall - is é sin < OE 'pile, pointed stick, stake ... ON *pill*, Sw[edish] *pil* 'willow' is a possible el[ement] in Scand[anavian] parts of England (1936:349).

marcáilte ar léarscáil reatha na SO (2010, 43). Tá *Kiltrough* siar ó *Pilltown* agus tá *Beataghstown* soir uaidh. Mar sin is baile fearainn talamhiata é *Pilltown*.

Maidir le leaganacha Gaeilge an logainm, mhol Ó Donnabháin *Baile an Phoill* (33) dó sa 19ú haois agus an chiall

town of the pill, or river-inlet (AL:12, (33))

leis.¹⁶ Lean Rannóg an Aistriúcháin é leis an leagan céanna sa bhliain 1980, ach ós rud é go bhfuil *Pilltown* talamhiata, ní fheileann an léirmhíniú ‘town of the river inlet’ dó. Dealraíonn sé go gcaithfear dul sa mhuinín, gurb í an eilimint Bhéarla PUL¹⁷ sa chiall ‘pool’ is bunús le *Pilltown*. Cá bhfios nach mbrisfeadh an dá abhainn bheaga (atá ar na teorainneacha thuaidh agus theas de *Pilltown*) a gcuid bruacha ó am go chéile sa 15ú haois agus nach líonfadh an t-uisce isteach in ísleáin chun locháin uisce nó linntreoga a dhéanamh? Tacaíonn an taithí áitiúil leis an tuairim go mb’fhéidir gur ‘pool’ is brí leis an gcáilitheoir; d’inis Vincent Rooney (atá ina chónaí i *bPilltown*) dom [in Eanáir 2014] go gcoinníonn an talamh an t-uisce de bharr an ‘blue clay’. Is cosúil nach gcaithfear ach tochailt 18 n-orlach síos sa talamh go dtiocfar ar an gcré áirithe seo, a bhfuil an cháilíocht aici nach sileann an t-uisce thairsti, agus mar sin go mbíonn neart uisce sa talamh fiú le linn samhraí tirime.¹⁸

Is cosúil gurb é an focal Béarla ‘pul’ nó Breatnais ‘pil’ atá sa sloinne *Pulle* (*Pelle/Pille*) freisin (*passim*). Ní mé arbh é an sloinne *Pulle/Pille* [+ es] + TOWN struchtúr an logainm, nó an bhféadfadh sé gur meascán den Ghaeilge *poll* + *s* iolra an Bhéarla + TOWN a struchtúr, mar a fheictear sa leagan *Pollstown* (28)? Shocraigh Údaráis Áitiúla na Suirbhéireacht Ordanáis PÓC agus DGE ar an leagan Gaeilge *Baile Phoill* (36) sa bhliain 2006 do *Pilltown* ar dócha gur ‘Town of Pools’ nó ‘Pools’ Town’ is brí leis.

¹⁶ Deir Joyce: ‘It appears evident that it [*pill*] is merely an oblique form of *poll* a hole:- Nominative *poll* genitive *poill* [*pile*]’ (1870:262). Sílim gurb fhiú a fhiosrú an raibh aon fhréamhshamhail Cheiltise i bpáirt ag an nGaeilge agus ag an mBreatnais, a thaispeánfadh gaol idir *pill* na Sean-Bhreatnaise agus *poll* na Sean-Ghaeilge.

¹⁷ > Sean-Bhéarla PÖL ‘a pool’ (Pierce 1968:346).

¹⁸ Nuair a d’fhiafraigh mé de Vincent Rooney an mbítí ag cur lín i *Sevitsland* an baile fearainn atá taobh leis, dúirt sé nach gcuirfeadh sé iontas ar bith air dá gcuirtí, mar go dtaitníonn talamh fliuch le líon agus go raibh an ‘blue clay’ in ann a chinntiú go gcoinneofaí an talamh tais. Thrácht John Mc Cullen as *Clonlusk* ar ‘Blue clay’ freisin agus dúirt nach dtéann uisce tréithe ar chor ar bith.

[14] STAGREENAN *Steach Dhroighneáin (neamhdheimhnithe *logainm.ie* 2010)

*Teach Dhraighneáin (moladh an taighdeora 2014)

1)	c1202-5	Tachdrenan iuxta Buiyn	XLII Carta H prioris sancta Trinitas Dublina... ICL:52
2)	1253-84	land at Grenan vill of Stachineen Stachineen X 2	CDI 1253-1284: 487-88, 2108 ²⁴⁷
3)	[1304] ²⁴⁸	Staghrenan	Archdall Mon Hib (White):472
4)	1408	Stagrenan	CLXV Extenta omnium possessionum ... Lanthonie prime in Wallia tam spiritualium quam temporalium in Hibernia ICL:181 (Aistrithe ag AH 2008:381).
5)	c [1519]	Stagrenan	Inq. Hen. VIII Navan (Brodigan) AL:7 ²⁴⁹
6)	idir 1509 agus 1547	Stagrennan	F541 (Hen VIII) (<i>logainm.ie</i>)
7)	1539	? Stakerenan ? Stakrenan ? Stagrenan	473 ? Tagairt 476 ? Tagairt 528 ? Tagairt (<i>logainm.ie</i>) [Ní Fiant iad]
8)	1540	Stakrenan	IMP:233 (TT <i>logainm.ie</i>)
9)	1540-1	Stagrenan	IMP 315 (TT <i>logainm.ie</i>)
10)	1540-1	villata de Stagrenan	Possessiones ad nuper prioratem de Lanthonie in Anglia pertinentes CSL 1992: 34
11)	1540-1	Stagrenan	IMP 1540-1:316 (<i>logainm.ie</i>)
12)	1541	[Stakerenan]	IFTS i (Hen VIII):25 F196 ²⁵⁰ (<i>logainm.ie</i>)

²⁴⁷ 'The K.'s writ to S[tephan] justiciary of I. From the complaint of Stephen de Hauberge and Christiana his wife, ... by judgement of the justiciary's court had recovered against Stephen Taloun and Juliana his wife seisin of 40 acres of **land at Grenan**, the justiciary had without the K's order ejected them therefrom and imprisoned Christiana. Inq 1283: ... jurors ... Simon de **Reaske**, ... Nicholas **Payn**, ... who say that Walter de Hauberger sent two boats and Simon **Carbri** ... and others, his fishermen whose names they do not know, ... by night ... sailed to the grange of Mellifont ... furtively filled the boats with timber ... asported the timber to Walter's **vill of Stachineen** ... Walter constructed his mill... Richard le Trecher of **Stachineen** made himself a chest with the timber ... all were indicted with the said Walter at **Stachineen** ...' (*op cit*).

²⁴⁸ Cóp a rinne Archdall (1786) de cháipéis a scríobhadh sa bhliain 1304.

²⁴⁹ 'Copy (Brodigan Esqre of Giltown) of inquisition held at Navan ... in the 28th year of King Henry 8th AL:43.' cf. an Réamhrá.

13)	1569	Stagrenan	F1460 (<i>logainm.ie</i>)
14)	1579	Stagrenan	F3564 (<i>logainm.ie</i>)
15)	1605	Stagrenan	CPR 68a (<i>logainm.ie</i>)
16)	1612	Stagrenan	CPR 230b (<i>logainm.ie</i>)
17)	1620	Stagrenan	CPR 452a (<i>logainm.ie</i>)
18)	1603-25	Steegrenan	Copy (Brodigan) of grants by James Ist to Sir Garret Moore. AL:45
19)	1628	Starenagh	Car I 40 Inq Lag
20)	10 Sept' 1630	[Stagrenan al' Stakernan Stagrenen Stagrennan x 2 Stagreenan Stagrenan X 2]	Car I 64 <i>ibid</i> ²⁵¹ (<i>logainm.ie</i>)
21)	1630	Stagrenon al' Stakernan	Inq. 61 <i>logainm.ie</i> , <i>recte</i> Car I 64 [Féach (20) thuas].
22)	1654-56	Stagrinan X 3	CS:3 (X 2), 49
23)	1655-57	Stagreenan 6	DS Innéacs <i>The Barony of Duleeke</i> (AL:7)
24)	1655-57	Stagreenan 4	DS Is The Parrishes of Killcarvan Colpe & Julianstown by W ^m Farrand. An exact copy by Dan ^l O Brien Surv ^{r252}
25)	1655-9	Stagreenan	Is BN Goblet:356
26)	? i ndiaidh 1662	Stagrenan	ASE (Brodigan) AL:7 ²⁵³
27)	c 1668	Stagreenan 17	BSD Index

²⁵⁰ Is cosúil go mbfí ag áireamh an áit seo le Contae Lú, féach: ‘... baron of Louth ... priory of Louth ... lands of Louth ... Lyme, Riaghaston, and Stakerenan’ (*op cit*).

²⁵¹ Is iad *Stagrenan alias Stakernan, Stagrennen*, agus *Stagreenan* atá ar *logainm.ie* 2010. Cé go bhfuil corr áit i gContae na Mí luaite sa cháipéis seo, is cosúil go mbaineann an áit sa Tábla thuas le Contae Lú. Is ar an mbruach theas den Bhóinn atá *Stagreenan* inniu.

²⁵² Tá teach pobail marcáilte ar an léarscáil seo. Deir sé ar *logainm.ie* (ach an cúrsóir a leagan go héadrom ar DS:AL) ‘Down Survey (Barony Maps - Hibernia Regnum 1654, cóipeanna a rinne an tSuirbhéireacht Ordanáis ó na bunchóipeanna (*recte*) atá i bParas 1908’. Chonaic mé féin suíomh an tí phobail, agus fásra fiáin timpeall air (2013).

²⁵³ ‘1651 Copy ... taken from the book of forfeitures & confirmed by the act of settlement of 1662 or 12th Charles 2nd’ (AL:46). Bhí dhá ‘réimeas’ ag Séarlas II: 1649-1651 agus 1660 -1685. Tá botún in áit éigin maidir leis an dáta, mar is í an bhliain c1660-1661 an ‘12th Charles 2nd’ de réir an *Regnal:Years Calculator*. Scríobhadh an BSD le haghaidh Chontae na Mí i ndiaidh 1666, féach Caibidil 1, **4.10.6**.

		Stagreenan	<i>ibid</i> 17, 1668 sa téacs
28)	1672	Aagranon	Is HD Goblet:356 ²⁵⁴
29)	?1697	Stagrinane	Quit Rents (Old Copy):AL:7
30)	1786	Stagrenan	Archdall Mon Hib (White):527-8
31)	1812	Stagrenan	Co. Map 1812:AL:7
		Stagrenan	Is Larkin
32)	1824	Stygrenian	HCSV:AL:7
33)	1829 ²⁵⁵	Stygrenian	BS:AL:7
34)	c1830	Styrgrenan	TCB:AL:7
35)	c1830	Stygrenian	BS:AL:7 ²⁵⁶
36)	1835/6 revised 1899	Stagreenan	Is OS
37)	1836	Stygrenian	Tandy, B. AL:7
38)	1836	Stygrenian	GJ Rates (Old Docket):AL:7
39)	1836	Stygrenian	JOD:AL:7 Received name
40)	1836	Stagreenan	JOD:AL:7 ²⁵⁷ Sheet 20 (dúch dearg) AL: 7.
41)	1836	Toig grianan	OD AL:7 ²⁵⁸
42)	1836	Sta Grianan	OD AL:7 ‘Grennan’s house’ ²⁵⁹
43)	1928	Teach -Ghrianin	Ó Meachair 1928:135 ‘Summerhouse’
44)	1913	Stagreenan	Joyce 1913:562
45)	3/3/77	Steach Dhroighneáin	R/Aist TS <i>logainm.ie</i> 2013
46)	13/4/89	Steach Dhraighneáin	NÓM TS <i>logainm.ie</i> 2013
47)	2010	stə 'gri:nən sta'grɛnən	fogharscríobh Mary Behan Gerard Mc Neece

Is i bparóiste Cholptha/ *Colp* i mbarúntacht Dhamh Liag Íochrarach i gContae na Mí atá an baile fearainn *Stagreenan*. Is cosúil le logainm dhá mhíre é, *Sta* agus *greenan*, agus iad nasctha le chéile. Is feirm anois é *Stagreenan* atá i seilbh Gerard Mc Neece, fear a

²⁵⁴ Caithfidh sé gur botún cló atá in *Aagranon*.

²⁵⁵ 1836 luaite ar TT *logainm.ie*

²⁵⁶ Noda scaoilte mar ‘Boundary Surveyor’ (AL:183).

²⁵⁷ ‘A very old Burial ground in this tld and church ruins’ (AL:7). Thaispeáin Gerard Mac Neece an áit seo dom.

²⁵⁸ Peann luaidhe: ‘Sta, Danish form of teach ‘a house’ (AL:7).

²⁵⁹ ‘Sta : Danish form of ‘teach’, ‘a house’ (*ibid*).

tháinig aduaidh as Ard Mhacha chun í a cheannach 50 bliain ó shin. Tá úlloird aige agus cuireann sé deoch úll ar fáil agus *Stagrennan Orchards* ar lipéid na mbuidéal. Is /stagrenən/ a deir sé féin. D’inis sé dom go raibh cuid de na daoine míshásta leis an litriú ach gur cheap daoine eile go raibh sé ceart. Ní raibh a fhios ag an seisear ar fhiafraigh mé díobh faoi *Stagreenan* cá raibh an áit, ná níor chuala siad faoi, fiú daoine a d’fhás suas sa bhaile fearainn *Stameen* atá teorantach leis.

Tá déanamh na Gaeilge *tach* [= *teach*] agus *drenan* ar an bhfoirm is túisce den logainm a aimsíodh don staidéar seo: *Tachdrenan* (1) atá le fáil i gcáipéis a scríobhadh an-luath sa 13ú haois. Níl aon dabht faoi, ach gurb é *Stagreenan* an áit atá i gceist leis, agus é cáilithe le *iuxta Buiyn* - ‘gar don Bhóinn’. Foirm thábhachtach í *Tachdrenan*, a chuireann iallach ar scoláirí athbhreithniú a dhéanamh ar hipitéis Uí Dhonnabháin agus Joyce, gur ón Dainmhairgis a tháinig *Sta-*, atá mar chéad-eilimint i ndornán logainmneacha i gContae na Mí, i gContae Lú, i gContae Bhaile Átha Cliath agus i gContae Chill Chainnigh. Seachas *Tach* in *Tachdrenan* thuasluaite, tá *Sta-/ Stach-/ Stagh-* le fáil mar chéad-eilimint i ngach uile shampla eile de (atá scríofa sna cáipéisí Laidine agus Béarla) a bailíodh don tráchtas seo; mar sin, b’fhiú beagán plé a dhéanamh ar STA anseo.

Deir Ó Donnabháin go gciallaíonn *Sta* ‘house’ sa Dainmhairgis (42), ach is é *hus* an focal Dainmhairgis ar *house*. Tá nóta i bpeann luaidhe san ainmleabhar aige a deir:

Sta-Grianan - builder of the old church (42).

Pléann Joyce ‘the anglicised forms *ta, tagh, tee, ti, ty &c*’ i gcaibidil dár teideal ‘Corruptions’ agus deir sé:

In case of the conversion of *ta* and *ti* [*teach* or *tigh*, a house or church] into *sta* and *sti* ... almost confined to Dublin, Meath and Louth, renders it not unlikely that it is a Danish corruption (1869:66)

agus cuireann sé an ghluais

House (*sta*) of the greenan or summerhouse or palace. See vol i.p.65 (1913:562)

le *Stagreenan*, féach (43) sa Tábla thuas.

Tugann Joyce samplaí ó theangacha aduaidh chun tacú lena chonchlúid, mar a leanas:

Ang. Sax *stow* a dwelling place, a habitation; *stede* a place, a station, Danish *sted* locus, sedes; *stad* urbs, oppidum; *stede* station; Icelandic *stadr* statio, urbs, oppidum; *stofa* curta domus; *sto* stati (*passim*)

agus deir sé

... in Iceland, Norway and other northern countries, several of these words are extensively used in the formation of names of places (*ibid*:67)

Sa tSean-Lochlannais, ar ndóigh, ciallaíonn *stadr* - ‘*stehen, stätte, ort*’ agus *stada* – ‘*stellung (position), Standort (location) richtung*’ (de Vries 1961:540).

Ní fhéadtar glacadh le míniú Joyce i bhfianaise na foirme *Tachdrenan iuxta Buiyn* (1) a scríobhadh i bhfad i ndiaidh theacht na Lochlannach, ámh. Sílimse nach bhféadfadh sé go raibh an fhoirm *Tachdrenan c1202-5* (1) ar fáil do Joyce agus é ag cur na hipitéise thuasluaite chun cinn.

Ag filleadh ar an bhfianaise a bailíodh don bhaile fearainn seo, tagraíodh do *land at Grenan* (2) [aistrithe ón Laidin] don *vill of Stachineen* (2) [aistrithe ón Laidin] agus do *Stachineen* (2) sa cháipéis chéanna, idir 50 agus 80 bliain i ndiaidh *Tachdrenan* (1). Is ríspéisiúil iad na tagairtí seo, toisc (i) #S- a bheith i bhfoirm a scríobhadh sa 13ú haois, toisc (ii) go bhfuil an consan coguasach cuimilteach /x/, a bheadh ag deireadh *tach/ tech* caomhnaithe san fhoirm *Stach + ineen* (2). Is díol spéise freisin (iii) go dtagraítear do thalamh in áit ainmnithe *Grenan* (2), a thugann le fios go dtosaíonn an dara heilimint le consan coguasach, agus go ndéantar idirdhealú idir an talamh *at Grenan* [aistrithe ón Laidin] agus an *vill of Stachineen*, ní a thaispeánann go ndearnadh idirdhealú idir tír agus baile ag an am, agus (iv) is díol spéise an easpa consain ag tús na dara heiliminte san fhoirm *Stachineen* (2) atá le fáil sa cháipéis chéanna,²⁶⁰ toisc go dtugann sé le fios go gcaithfidh sé go dtosaíonn an cáilitheoir le consan coguasach (mar go bhfuil comhshamhlú déanta idir an *-ch* ag deireadh *tech* agus túsconsan an cháilitheora) agus go bhfeidhmíonn an *-ch* ag deireadh *Stach-* mar thús na dara heiliminte dá bharr .i. *-chineen*, ach an oiread leis an bhfoirm *Grenan* a léiríonn túsconsan coguasach (ach consan pléascach a bheith ann sa chás sin).

²⁶⁰ Más Normannach nó duine de bhunadh na Normannach a scríobh an cháipéis, d’fhéadfadh sé gur foghraíocht na Fraincise a chuir sé ar cháilitheoir an logainm, mar go raibh deacrachtaí aige le [r] (*r* leathan) na Gaeilge agus nár éirigh leis an cáilitheoir a thabhairt leis ina iomlán, dá bharr sin.

Maidir leis an bhfoirm *Staghgrenan* (3) - ag fágáil #S- as an áireamh go fóill - léiríonn *Stagh-* t leathan (> *taig*, an sean tuiséal tabharthach de *teg/ tech* (GOI:216 §338). D'fhéadfaí dhá mhíniú a thairscint ar an *-gh#* ag deireadh na céad eiliminte:

- d'fhéadfadh sé go bhfuil cáilíocht chuimilteach *-g* ag deireadh *taig* léirithe san fhoirm Ghallda *Stagh-* (3) (Moody 1998-2000:176), (cé nach bhfuil an caolú a bheadh ar chonsan deiridh na bunfhoirme Gaeilge *taig* sa tuiséal tabharthach léirithe) nó
- má bhí an fhoirm *taich* i gceist (GOI:216), glóraíodh an /x/ .i. *-ch#* ag deireadh na chéad eiliminte < *-gh* <(S)*tagh-*) i láthair an chonsain ghlóraithe #g- (< *grenan*) ag tús na dara heiliminte a lean.

Ligeadh an cháilíocht chuimilteach, an *-gh* de *Stagh-*, i léig faoin 15ú haois, féach *Stagrenan* (4) - (6), (9) - (11), (13) - (18), (23) - (26), (29), (30), *Stagrinan* (22), *Stagreenan* (23) - (26), (35), (39), (43), *Stagrennan* (6), *Stagrinane* (28). Tá *Steegrenan* (18) le fáil i gcáipéis Bhrodigan.²⁶¹ Níor éirigh liom na foinsí a aimsiú ina bhfuil an fhoirm *Stakrenan* (7), (8), *Stakerenan* (12) scríofa,²⁶² ach más í an áit chéanna le *Stagrenan* al' *Stakernan/ Stagrenen/ Stagrennan/ Stagreenan* (20)/ *Stagrenon* al' *Stakernan* (21) a bhfuil an chosúlacht air go mbaineann sé le Contae Lú, ní dócha go bhfuil baint acu le *Stagreenan* i bparóiste Cholptha/ *Colp*. Tá foirm an-chorr le fáil i gcáipéis na 17ú haoise, féach *Starenagh* (19) agus is fíor-annamh a fhaightear foirm chomh corr sin in eagrán Hardiman (1826). Tá litrithe éagsúla le fáil sna foirmeacha *Stagrinan* (22), *Stagrinane* (29), chomh maith leis an tacar foirmeacha ón 19ú haois *Stygrenian* (32), (33), (35), (37) - (39). Maidir le *Styrgrenan* (34), an bhféadfadh sé gur botún peannaireachta a bheadh san *-r-*, (nó gur *tyr* > *tír* a bheadh ansin go mearbhlach)? Ar ndóigh, tá an #S- reoite san fhoirm *Styrgrenan* (34) cosúil leis na foirmeacha a tháinig roimhe.

Seachas *Tachdrenan* (1) na 13ú haoise, tá athrú le feiceáil ar chonsan tosaigh dara míre an logainm i ngach foirm atá le fáil ón 15ú haois go dáta, féach *-drenan* go *-grenan/ grinan/ greenan srl*. Thabharfadh athrú an *-d* (*Tachdrenan* (1) go *-g* (*Stagrenan* (3), (4) *srl*) .i. *-drenan* go *-grenan*, le fios go mb'fhéidir gur séimhíodh an túsconsan cuimilteach .i. *dh-* nó *gh-* ag tús an cháilitheora sa logainm seo. Tá fianaise

²⁶¹ Bheinn in aimhreas faoi chruinneas na foirme seo, mar ní bhíonn foirmeacha Bhrodigan ag teacht le foirmeacha na mbuncháipéisí i gcónaí, cf. an Réamhrá.

²⁶² Chuartaigh mé IFTS faoi na blianta ábhartha, ach ní raibh aon rath ar an tóraíocht.

ann gur athraíodh *-dh* go *g* i bhfoirmeacha Galldaithe logainmneacha eile na tíre,²⁶³ féach:

The Irish language abounds in open consonants as a result of the practice of lenition... which has the effect of opening stops. About 60% of our place names have at least one lenited consonant, but only a small proportion of these now survive in speech or in the englished spellings. Some of them have become stops, eg. in Drum Greenan from Druim dhraighneán; but the majority of them have been dropped (Mooney 1998-2000:176).

Is *stops*, consain phléascacha, atá ag tús an cháilitheora i mbunáite samplaí stairiúla an logainm, mar atá cláraithe sa Tábla thuas, ach amháin sna samplaí *Stachineen* (2) agus sa sampla earráideach *Starenagh* (19), samplaí a bhfuil an consan pléascach *g-* san fhoirm Ghalldaithe ligthe i léig.

Mar a taispeánadh thuas, is í *Staghgrenan* (3) ón mbliain 1304, an t-aon fhoirm ina bhfuil iarracht déanta ag an scríobhaí aitheantas a thabhairt do chonsan chuimilteach coguasach na Gaeilge ag deireadh na chéad eiliminte *Stagh-* (>*taig[h]*), (nó i dtéarmaí Mhooney – an consan séimhithe).

Maidir le dara heilimint an logainm, cé is moite de na samplaí thuasluaite, tá an chosúlacht ar na foirmeacha stairiúla eile, gur bádh an consan coguasach glóraithe *-gh /ɣ/* ag deireadh *taig[h]*, nó gur bádh an consan neamhghlóraithe *-ch /x/* ag deireadh *taich* i ngaobhar chonsan ghlórtha dhara míre an logainm, mar atá léirithe sna foirmeacha *-gre(e)nan/ -gren(n)an* (3), (4), (5), (6), (9) - (11), (13) - (18),²⁶⁴ (23) - (27), (30) - (40), *-grinan* (22) agus *-grinane* (29). Maidir le leagan HD (1672) den logainm, tá an fhoirm *Aagranon* (28) chomh haisteach agus corr le hais gach uile fhoirm eile atá liostaithe thuas, go gcaithfeadh sé gur botún peannaireachta nó botún cló atá le sonrú san fhoirm sin.

Maidir leis na foirmeacha Gaeilge, chuir Ó Donnabháin an leagan *Toig grianan* (41) ar fáil agus an ghluais ‘Grennan’s house’ leis. Thug O’Conor cuairt ar an áit agus scríobh sé:

²⁶³ Ní dócha go dtabharfadh an scríobhaí eachtrannach gné chuimilteach an chonsain sin faoi deara, toisc an fhoineim */ɣ/* no *-dh-* a bheith ar lár ina theanga féin. Níor aimsíodh aon fhoirm i bhfoinse Ghaeilge a thaispeánadh an séimhiú ar *dh-*, ach, ar ndóigh, ní thaispeántar a leithéid in ortagrafaíocht na Gaeilge i gcónaí.

²⁶⁴ Is sampla é *Steegrenan* (18) a frítheadh i gcóip bhronnta Shéamais I, a bhí i seilbh *Brodigan*. Ní raibh foinsí Bhrodigan cruinn i gcónaí nuair a cuireadh i gcomparáid leis na buncháipéisí iad, cf. an Réamhrá.

Stagreenan Tl. old church in ruins which is said to have been erected by Grianan. (OSL:128, féach (42) thuas.²⁶⁵

Mhol Joyce *grianán* mar bhunús na míre

House (*sta*) of the greenan or summerhouse or palace (1913:562).

agus lean Ó Meachair é leis an leagan *Teach-Ghrianin* (43), ag cur na gluaise ‘summerhouse’ leis. Ní móide go raibh na sainmhínte seo cruinn i bhfianaise an staidéar a rinne Ó Maolfabhail (1974:60-75) ar an eilimint *grianán* i logainmneacha. Is staidéar é sin ar 72 logainm a raibh *Greenan/ Grenan/ Greenane/ Greenaun* mar leaganacha Béarla ar *Grianán* orthu, chomh maith le 20 logainm eile

ar dócha nó arbh fhéidir gur *grianán* a bhíodh mar eilimint iontu (73).

Deir Ó Maolfabhail gur téarma teicniúil é *grianán*, gan díspeagadh, a dhéanann aithris ar an Laidin *solarium*, a thagraíonn do chuid oscailte an tí ar nós ‘dion leibhéalta nó balcóin’ (67). Shíl seisean nach *grianán* a bhí i gceist i gcás *Stagrennan*, ach gur

ainm atá i mb.f. *Stagrennan* (*Stagreenan* go 1915), Mí, S.O. 20 (68).

Ar ndóigh, tá tacar logainmneacha sa tír, a bhfuil TEACH ina chéad eilimint iontu agus ainm naoimh ina cháilitheoir orthu .i. TEACH + AINM NAOIMH (gin), agus is cosúil gurb é sin an struchtúr atá i gceist le *Stagreenan*. Maidir leis an bhfóineolaíocht, i bhfianaise *Tachdrenan iuxta Buiyn* (1), ní dócha gur #g- a bheadh mar thúsleitir an cháilitheora, mar atá san ortagrafaíocht Ghallda, ach bheifí ag súil le consan séimhithe #dh-. Mar sin, caithfear a fhiosrú an raibh aon naomh áitiúil thart ag aimsir na Luath-Críostaíochta ar a raibh *Dr-* ag tús a (h)ainm, mar is ag an am sin a bhí an struchtúr TEACH + AINM NAOIMH (gin) bisiúil i gcumadh na logainmneacha.²⁶⁶

Faoi *April 15* luaitear *Meic Draigen o Chill Roa* (Mart. Tall:33) agus *Druighean inghen Lenine* (GRSH:125, 4)²⁶⁷ nach bhfeilfeadh an fhóineolaíocht go baileach, toisc an *n* de **drenan* (< *Tachdrenan* (1) a bheith ar iarraidh, agus ar aon chaoi, is cosúil go

²⁶⁵ Tá taifead ar iarsmaí teach pobail agus an nóta ‘medieval’ leis chomh maith le taifead ar sheanreilig in *Stagreenan* san *Archaeological Inventory of County Meath* (Moore 1987:146). Is é sin an áit a thaispeáin Gerard Mac Neece (úinéir an bhaile fearainn) dom.

²⁶⁶ Tá teacht ar sheachtar *Draighnéan* in LMG (257), ach is ainm naoimh atá á chuartú mar cháilitheoir an logainm seo.

²⁶⁷ ‘Do Shliocht Luighdeach Lagha & do shliocht Aongasa Meic Modha Nuadhat’ (*op cit*).

raibh *Cell Róa* suite i Maigh Eo agus níl a fhios againn cá raibh *Druighean inghen Lenine* mura ndéanfaí buille faoi thuairim gurb í sin a bhí i gCill Iníon Léinín/ *Killiney* i mBaile Átha Cliath.

Luaitear beirt *Draignen* in CGH, agus d'fhéadfaí coibhneas a dhéanamh idir fóineolaíocht *Draignen* le #D- séimhithe < #Dh-, agus #g- de *greenan*, cáilitheoir *Stagreenan* an logainm atá á fhiosrú anseo. Duine acu is ea *Draignen m.Cuain* de *Chlann Setnae*, nach mbaineann leis an áit atá faoi chaibidil, mar luaitear 'corco Laeglad' (CGH:311) ag deireadh a chraobh choibhneasa.

Tá *Draigen* ann a bhain le Cill Mhantáin (CGSH:314)²⁶⁸ chomh maith leis an *Dirmige* - atá luaite mar *Draignige* san innéacs (CGSH:315).²⁶⁹ Níl aon eolas tugtha ar áit ina raibh *Draignen* de ghinealach *Hua Cuanan* an *Draignen* (CGH:350, 317 b 17),²⁷⁰ ach tá a chraobh choibhneasa le fáil in LL, in Lec agus in BB.

Mar sin, níl ann ach ainm naoimh amháin a d'fhéadfadh a bheith feiliúnach do cháilitheoir an logainm; is é sin *Draignen* de ghinealach *Hua Cuanan* a luadh in LL,²⁷¹ Lec agus BB. Tharlódh mar sin gur ó TEACH + DRAIGNEN atá an fhoirm stairiúil *Tachdrenan* (1) díorthaithe. Mhol Rannóg an Aistriúcháin *Steach Dhraighneáin* (46) sa bhliain 1977, agus is í an fhoirm *Steach Dhraighneáin* (46) a mhol Nollaig Ó Muraíle na SO sa bhliain 1989. Is é < **Teach Dhraighneáin* rogha an taighdeora seo.

Níl ach *Stagreenan* amháin sa tír.

Nóta breise ar STA

Pléadh tuairimí stairiúla ar an eilimint STA thuas. Ní féidir a rá go deifnídeach gur *s* ionsáiteach nó *s mobile* atá ag tús *Stachineen/ Staghgrenan/ Stagre(e)n(n)an/ Starenagh/ Stagrinan(e)/ Stak(e)r(e)nan/ Sty(r)grenian/ Steegrenan*, féach Caibidil 3, 3.4.²⁷²

Tugtar faoi deara gurb í *Stachineen* (2) an fhoirm a leanann *Tachdrenan* (1) go stairiúil. Toisc an fhoirm sin a bheith ag teacht sna sáile ar an bhfoirm *Tachdrenan* (1),

²⁶⁸ 'Fedelm Epscop Daurthech i Cill Achaid Draignige' (CGSH:116, 607.69) Sin *Killadreenan* i bparóiste agus barúntacht *Newcastle* (innéacs *ibid*:314).

²⁶⁹ 'Mochoemoc Cilli Dirmaige' (CGSH:150, 707.729)

²⁷⁰ 'Genelach *Hua Cuanan* (Lec) Draignen m. Mael-chothaid m. Snedain m. Fiannacain m. Doelgaile m. Beochraide m. Cuanain m. Maelain m. Gobain' (*op cit*).

²⁷¹ Cé nach bhfuil a fhios againn cén áit ina raibh siad lonnaithe, baineann duine díobh, *Draignen*, le Cúige Laighean, (agus tá Contae na Mí i gCúige Laighean).

²⁷² Feictear *s mobile* roimh *tr-/ dr-* mar shampla, féach *s + trúan* < *struán*, *s + treiscín* < *struisín*, *s + dreapadh/ dreapadóir* < *strapadh/ strapadóir*. Cuireadh *s mobile* roimh chonsain phléascacha bheolacha freisin, go stairiúil, i gcás *spré/ spréidh* > *spréd* ('a spark') > *breó/bréud* ('flame'/'burning') > agus Gaidhlic *spreadh/ spraiigh* > *braigh* ('burst') na Sean-Ghaeilge (O'Rahilly 1931:52-72).

tharlódh gur fianaise í go bhfuil tionchar an réamhfhocail *i* agus é nasctha leis an seanalt Gaeilge le sonrú sna foirmeacha a bhfuil STA iontu. Más ea, d'fhéadfaí díorthaithe *Stachineen* (2) ón nGaeilge *issa taich + Draignen* a rianadh mar a leanas:

**issa taich Dhraignen*

> **sa taich + cáiliúint #Dh-* i dtimpeallacht *-ch#* de *taich*

> **sa taich raigen + cáiliúint an r* de bharr thionchar fhóineolaíocht na Fraince

> **sa taich aigen + meánchoimriú a* de *sa*, roimh an *ta* de *taich*

> **stach aigen + litriú an scríobhaí*

> *Stachineen* (2) thuas

Tá sé intuigthe ón léirléamh thuas go mbaintí leas as an alt mar chuid den logainm, ní nach bhfuil go hiomlán cinnte.

Mura raibh teacht ar fhoirmeacha *Tachdrenan* (1) agus ar *Stachineen* (2) a scríobhadh i gcáipéisí na 13ú haoise, d'fhéadfaí a cheapadh gur *s mobile* a bheadh sa chéad fhoirm eile *Staghgreenan* (3) agus sna foirmeacha eile uile a lean .i. *Staghgrenan/ Stagre[e]n[n]an/ Stak[e]renan/ Stakernan/ Steegrenan/ Stagrinan/ Sty[r]grenian*.²⁷³ Ach toisc an fhoirm sin a bheith ann, tá sé níos dóchúla gur rian den alt nasctha le *i* atá san eilimint Ghalldaithe STA.

Maidir le *Steegrenan* (18), *Styrgrenan* (34) agus *Stygrenian* (32), (33), (35), (37) - (39) a scríobhadh sa 19ú haois, d'fhéadfadh sé go léiríonn an litriú *tee-* agus *ty-* an tuiséal tabharthach *tigh*, agus go bhfuil an *#S-* reoite sa logainm de réir an phróisis a rianaíodh thuas.

²⁷³ Tugtar faoi deara freisin nach bhfuil *#S-* le feiceáil i gcás *Taghmon/ Teach Munna* [LG], *Tigh Munna* [IM], *Taghshinny/ Teach Sinche* [Lú], *Timolin/ Tigh Moling* [CD], *Tomhaggard/ Teach Moshagard* [LG], *Tyfarnham/ Tí Farannáin* [(IM), *Taghboyne/ Tí Baoithín* [IM]. An bhféadfadh sé gur foirmeacha reoite a bheadh sna foirmeacha a thosaíonn le *Sta-* (a d'fhorbair mar a rianaíodh thuas .i. *issa teg/ issa tech < sa taig/ sa taich < stag/ stach < sta*) de bharr na Gaeilge a bheith níos laige sna háiteanna a bhfuil an *Sta-* le fáil i logainmneacha, agus go raibh an Ghaeilge níos láidre sna háiteanna a bhfuil *ta, tagh, tee, ti, ty srl* le fáil iontu?

[15] STAMEEN

*Steach Mín (neamhdheimhnithe *logainm.ie*)

*Teach Midhna (moladh an taighdeora 2014)

1)	idir 1175 &1397	[Stameen] ¹	CGR: 2 f.1
2)	1340	<i>recte</i> Stagghmen Stagghmene	Letter of Attorney CGR:39 f. 39 <i>ibid</i> :xvi [LS]
3)	1346	Stagghmen x 3	Demise. Indenture <i>ibid</i> :39 f. 38d [LS]
4)	1346	Stagghmen in Stagghmene	Confirmation... <i>ibid</i> :39 f. 39d [LS]
5)	1348	Stagghmeen	Quitclaim Dowdall 71 (TT <i>logainm.ie</i>)
6)	1349	Stagghmen	Letter of Attorney CGR:40 f. 40
	1349	Stagghmen	Carta Ric de Preston ... ² <i>ibid</i> :40 f. 40d [LS x 2]
7)	1360	Stagghmen Stagghmene	Quitclaim <i>ibid</i> :41 f.41 [LS] [LS + eagrán Mhills & McEnery]
8)	1363	Stagghmen ³	Quitclaim <i>ibid</i> :41 f. 41d [LS]
9)	1365	Stagghmen Stagghmene X 2	Letter <i>ibid</i> :40 f. 40d/41 [LS] (Teideal ar lár in <i>logainm.ie</i>)
10)	1366	Stagghmen Stagghmene [John Stamene]	Recovery <i>ibid</i> :40 f. 40d [LS] <i>ibid</i> ⁴ <i>ibid</i> 62
11)	1373	de Stagghmen Stagghmeen	Indenture <i>ibid</i> :41 f. 42 [LS] [LS + eagrán Mhills & McEnery]
12)	1396	Stagghmen Stagghmeene Stagghmene Stagghmeen	Entail of Stagghmen ⁵ <i>ibid</i> :41-2 f. 42d (Tá siad seo uile le fáil in P5071).
13)	1408	Stamene	CLXV Extenta omnium possessionum ... ICL:181 (aistrithe go Béarla ag AH 2008:381).

¹ Is foirm earráideach í seo a phléifear thíos.

² Féach an Teideal in P5071: ‘Carta Ric de Preston fatt Rogo de Preston. A Robid [Robert] filio eu de toto statu quo in **Stagghmen ... Stagghmen**’ (f. 40d) Tá *Stagghmen* le fáil uair amháin in eagrán 1916 de CGR.

³ *Stagghmen* ... atá san eagrán, **Stagghmen** atá in P5071. Tá an *logainm* deighilte idir dhá líne sa LS.

⁴ Níl an teideal san eagrán. ‘... one mill and four gardens with the appurtenances in **Stagghmene**’ (*op cit*). Féach freisin: ‘**John Stamene**, seneschal of the town’ fianaiseoir ar chairt a scríobhadh sa bhliain 1366 (*ibid*:62)

⁵ Teideal sa LS: ‘... de Stagghmen’. Níl an teideal san eagrán. Is taifead ar Robert de Preston ag bronnadh talaimh *srl* ar Nichlas Starkey atá mar ábhar na cáipéise.

14)	idir 1461 & 1483	le Neweton de Stamene	Statute Rolls Edward IV:862
15)	c 15ú haois ?	Tech Midnand ⁶	Lec 193, Onom Goed:625
16)	1540-1	Magna Stamen Parva Stamen	Possessiones ad nuper prioratem de Lanthony in Anglia pertientes CSL 1992:28 <i>ibid</i> :34
17)	1540-1	Parva Stamen Magna Stamen	IMP 315 (TT <i>logainm.ie</i> 2010)
18)	1569	Great, Little Stamyn	F1460 ⁷ (TT <i>logainm.ie</i> 2010)
19)	1575	the Stamenes	F2698 IFTS:1574 (TT <i>logainm.ie</i> 2010)
20)	1579	Great, Little Stamaine	Lease ... to Edward Moore... F3565 <i>ibid</i> 495 (TT <i>logainm.ie</i> 2010)
21)	1605	Great & Little Stamayne	CPR 69a TT <i>logainm.ie</i>
22)	1605	Great & Little Stamyne	... tithes ... J1 26/25 CI 1991:334
23)	1612	Scamyne	CPR 231b TT <i>logainm.ie</i> 2010
24)	1616-17	vil' de magna Stamen Stamen	Jac I:14
25)	1617	Stamen	Indenture Dowdall:295 (TT <i>logainm.ie</i> 2010)
26)	1619	Stamene	Inq (Louth) 11 TS <i>logainm.ie</i> 2010
27)	1620	Great, Little Scamyne	CPR 463a (TT <i>logainm.ie</i> 2010)
28)	1620	Stamene	Jac I:43 (TT <i>logainm.ie</i> 2010)
29)	1627	Stameene in Newtowne	Car I 30 Inq Lag
30)	1629	Stameene vil' & ter' de Stameene Newtowne de Stameene	Car I 49 <i>ibid</i> <i>ibid</i> (TS <i>logainm.ie</i> 2010) <i>ibid</i>
31)	1629	Stameene Stameene	Inq 49 [= (30) thuas] Inq (Louth)15 TS <i>logainm.ie</i> 2010
32)	1634	Stameen	Car I 104 <i>ibid</i>
33)	1635	Stameene	Inq 104 Inq (Louth) 29 TS <i>logainm.ie</i> 2010
34)	1604	Stamyne	Forfeiture of Patent to Edward Brabazon ⁸ J 1 26/25 CI 1991:334

⁶ Níor éirigh liom an fhoirm seo a aimsiú le go ndéanfainn breithiúnas uirthi.

⁷ 'Lease ... to... Francis Agarde ... Great Stamyn, Little Stamyn Lease ... to Edward Brabazon ...the Stamenes...' (*op cit*).

⁸ 'On ... 1575 the queen granted to ... the tithes of Great & Little Stamyne ... [*liosta fada logainmneacha*]...for 30 years... Edward took possession on 30 Sept 1590. the rent is now £33-13-4 in arrears & the remainder of the term is therefore forfeit.' (*op cit*), cf. 'Bracketed names from fiant, no. 2698' (*ibid*: fonóta (2), ach tugtar faoi deara nach bhfuil *Stamyne* litrithe san fhoirse seo (34) mar atá san fhoirse a dtagraítear dó, féach *the Stamenes* (19) thuas (TT *logainm.ie* 2010).

35)	1625– 1649	Stameene	Inq. Temp. Car I AL:47. Féach freisin (29), (30) thuas.
36)	1654-1656	Litlestamine (<i>sic</i>) Greatestamine (<i>sic</i>) Stamine X 2 Great Stamine Litle Stamine Stamine X 2	CS 3 4, 49
37)	? 1657	Greate Stameene X 2 Little Stameene X 2 Great Stameene Little Stameen Greate Stameene Little Stameene	DS: cur síos ar bhailte fearainn <i>Colpe</i> ⁹ DS Is The Parrishes of Killcarvan Colpe & Julianstown by W ^m Farrand. An exact copy by Dan ^l O Brien Surv ^r
38)	1655-9	Stameen (Greate)	Is BN Goblet:357
39)	1659	Stameen	Census: 481
40)	c1668	Stameen Great and little 16 Great Stameene Little Stameen	BSD Index <i>ibid</i> 16, 1666 sa téacs
41)	1672	Stammen	Is HD Goblet:357
42)	1824	Stimeen	GJ Rates (Old docket) AL:47
43)	1824	Great and Little Stameen	HCSVAL:47
44)	1829	Stameen	BS AL:47 By Sketch map ¹⁰
45)	1830	Stameen	TCB AL:47
46)	1836	Stameen Villa	AL:47
47)	1836	Stameen	Cairnes, W. AL:47
48)	1836	Stameen	JOD AL:47
49)	1836	Sta mín teach mín tigh mín	OD AL:47 ‘smooth house’ Sheets 20, 21 (dúch dearg) AL:47

⁹ ‘The Parrish of Colpe ... contains ... tnlds Greate Stameene Little Stameene ... The total of forfeited lands is ... 1 Greate Stameene Little Stamene ... There stands ... a habitable Castle and two Town Houses in Great Stameene...’ (*op cit*). Ar an gcéad lch eile, tugtar ainmneacha na ‘Irish papists’, tomhas na dtailte agus ‘dimensions landes Profitable’. Tá colún eile ann faoin teideal ‘Unprofitable’ atá fágtha bán. Déantar cur síos ar an mbaile fearainn *Little Stameen* mar ‘Furzy Pasture’. Tugtar tomhas an bhaile fearainn 40:2:0 (40 Acra 20 stang 0 péirse). Scaoiltear an noda S1 (atá marcáilte ar an léarscáil sa choirnéal) mar a leanas: ‘S:1 Part of greate Stameene’.

¹⁰ Is mar seo atá an tagairt míniú ar TT *logainm.ie*: ‘Boundary Surveyor c 1830 as AL.’ (Cuir an cúrsóir os cionn na tagartha ‘BS:AL’ chun an dáta seo a aimsiú), ach tugtar an dáta 1840 ar TS *logainm.ie* 2010.

50)	1928	Teach-Min	Ó Meachair:135
51)	2009	Steach Mín	TT <i>logainm.ie</i> 2010 ainm neamhdheimhnithe
52)	2010	stə 'mi:n	fogharscríobh, Nicola Heaney, Damian Mc Daid

Is i bparóiste Cholptha/ *Colp* i mbarúntacht Dhamh Liag Íochtarach i gContae na Mí atá an baile fearainn *Stameen*. Is cosúil gur logainm dhá mhíre atá ann - *Sta* agus *-meen*. Is ar an dara siolla a leagtar an bhéim (52).

Tá *Stameen* ar cheann de thrí logainm i nDamh Liag Íochtarach a bhfuil an fhoirm Ghalldaithe *Sta* le fáil mar chéad-mhír iontu. Tharlódh gurb é bunús na chéad míre ná *issa* (an tseanfhoirm den réamhfhocal *i* + an t-alt) + *taig*, (sean-tuiseal tabharthach de *tech*), agus tharlódh gur fhás an eilimint STA ón bhfrása réamhfhoclach *issa taig*, féach an phlé atá déanta ar STA in *Stagreenan* [14], agus i gCaibidil 3, 3.4.

D'fhéadfadh sé gurb í an fhoirm *Ti midnand/ Tech midnand* (15) atá luaite in *Onom Goed*, bunús *Stameen*, ach níor éirigh liom an bhuntagairt a aimsiú.¹¹

Is sa 14ú haois a fhaightear an fhoirm *Staghme(e)n(e)* (2) - (12), an ceann is luaithe den logainm a frítheadh don staidéar seo. Is foirm í a chaomhnaíonn an consan coguasach ag deireadh na príomheiliminte Gaeilge TEACH.

Is mar *Stamene* (13), (14) a fhaightear an logainm sa 15ú haois, a thaispeánann go raibh an consan coguasach ag deireadh *Stagh-* cailte faoin aois sin. Sílim gur foirm earráideach atá san fhoirm *Stamen* (1), mar tá sí corr leis an gcuid eile de na foirmeacha a bailíodh ó CGR. Mar sin, níltear á cur san áireamh. Tharlódh gur chuir na heagarthóirí an fhoirm chomhaimseartha *Stameen* ar *Stamen* (1), ní nach ionadh agus an fóilió lena mbaineann sí chomh dubh, doiléir, doléite mar atá ar chóip mhíocrascannán na lámhscríbhíne (P5071 sa LN).¹²

Is cosúil gur roinneadh *Stame(e)n* ina dhá chuid sa 16ú haois, a sainíodh *Magna Stame(e)n*, *Parva Stame(e)n* (16), (17), agus a aistríodh go *Great/ Little Stamyn(e)/ Stamaine/ Stamayne* (18), (20) - (22). Is cosúil nár bacadh le ceachtar de na foirmeacha

¹¹ Tá dhá chóras uimhrithe ar Lec - glacaim leis gurb é an sean chóras atá luaite ag Hogan san *Onom Goed*.

¹² Cheadaigh mé Fóilió 1 de P5071 (an chóip de CGR atá ar mhíocrascannán sa LN) le go bhfeicfinn an fhoirm mar atá sí sa lámhscríbhinn, ach tá an fóilió sin doléite - níor éirigh liom ach corrfhocal a léamh anseo is ansiúd. (seiceáilte arís 2010). Tá scríbhneoireacht álainn sholéite ar fhóilióna 38, 39, 40 den LS as ar tógadh na samplaí eile de *Staghme(e)n(e)* atá cláraithe sa Tábla thuas. Bhain na heagarthóirí leas as an litriú comhaimseartha *Stameen* i Réamhrá an eagráin CGR (Mills & Mc Enery 1916:ix, x). Féach freisin Réamhrá an tráchtais seo.

méid-cháilithe sin a chur le *the Stamenes* (19), a bhfuil an t-alt agus mír iolra an Bhéarla -s# le feiceáil sa sampla sin.

Tá teacht ar shampla amháin de *magna Stamen* (24) ón 17ú haois chomh maith leis na samplaí *Great(e)/ Lit(t)le Stameen(e)* (36), (37) (40) agus *Stameen Great and little* (40) a fhaightear scríofa sa dara leath den 17ú haois. Faightear na samplaí *Great and Little Stameen* (43) scríofa i bhfoinse de chuid na 19ú haoise. Fágfar lom an logainm, gan sainiú freisin, féach *Stam(e)n(e)* (25), (26), (28), (30) - (33), (35), (39), *Stamyne* (34), agus *Stammen* (41), pátrún a leanann ar aghaidh sa 19ú haois, féach *Stimeen* (42), *Stameen* (44) - (48). Maidir le *Scamyne* (23) agus *Great, Little Scamyne* (27), b'fhurasta do scríobhaí cáipéise /c/ a mhalartú le /t/ sa chéad siolla, nuair nach bhfuil idirdhealú idir an dá fhóinéim sin ach an pointe urlabhraíochta (Onishi 1981:165).

Níor frítheadh aon fhianaise ar an logainm seo i gcáipéisí de chuid na 18ú haoise.

Tagraítear do *le Neweton de Stamene* sa dara leath den 15ú haois (14) den chéad uair, a thabharfadh le fios gur tógadh baile nua ann an t-am sin. Luaitear na leaganacha *Stameene in Newtowne* (29) agus *Newtowne de Stameene* (30) a bhfuil *Newtowne* le fáil arís iontu sa 17ú haois. (Pléifear *Newtown* go ginearálta i gCaibidil 3, **10.1**).

Maidir leis na foirmeacha Gaeilge, is í *Ti midnand/ Tech midnand* (15) ón 15ú haois an fhoirm is luaithe díobhsan a frítheadh don staidéar seo. Tugann *Tech midnand* le fios go bhféadfadh sé gur logainm trí mhíre a bhí in *Stameen* ar dtús: *Tech + midn + and*; nó, mar a bheadh sa litriú comhaimseartha: **Tigh* (tabh) + *mín* + *án*. Bhí Ó Meachair den tuairim gur ainm naoimh a bhí i gcáilitheoir an logainm, agus mhol sé *Teach-Mín* (50) mar leagan Gaeilge air. Thuig Ó Donnabháin gur foirm de *teach* a bhí sa chéad eilimint, féach *Sta mín/ teach mín/ tigh mín* (49), agus cé gur chuir sé an ghluais 'smooth house' san AL, scríobh sé

more likely called after some saint (49).

Is é an leagan *Teach Mín* (51) an leagan neamhdheimhnithe Gaeilge ar *Stameen* a mhol lucht na SO sa bhliain 2009.

Toisc go bhfuil an sampla *Tech midnand* (15) ann, agus go bhfuil an pátrún TEACH + AINM NAOIMH le fáil go minic i logainmneacha na tíre, breathnófar ar logainmneacha cosúla, agus ar ainmneacha na naomh, ar mhaithe le hainm naoimh a aimsiú a d'fhéadfadh a bheith mar cháilitheoir *Stameen*. Tháinig *Tech mo Fhinna/*

Taghmon LG chun solais, nach mbeadh feiliúnach, ar údar fóineolaíoch ná ar údar tíreolaíoch (Mart Gor: 192, 325).¹³ Frítheadh an naomh *Midnat Cilli Lucinni* nach mbeadh feiliúnach ar údar tíreolaíoch, toisc Cill Iúcan/ *Killucan* a bheith i gContae na hIar-Mhí (Mart Tall:60).¹⁴ Tá naomh amháin eile ann *Maedóc mac Midna ó Chluain mor* (FO: 114, 11).¹⁵ Níl a fhios againn cén *Cluain mor* atá i gceist, ach deirtear go mba as Laighin *Maedóc mac Midna (ibid:114)*.¹⁶ As 24 bhaile fearainn sa tír a bhfuil Cluain Mór/ *Clonmore* orthu, tá 15 díobh sin suite i gCúige Laighean agus tá ceann amháin den 15 sin i gContae na Mí. Tá seans ann mar sin, gur mac le *Maedóc ó Chluain mor .i. Midna*, atá luaite i gcáilitheoir an logainm *Stameen*.

D'fhéadfadh sé gur comhshamhláíodh an deireadh *-a#* de *Midna* leis an mír dhíspeagtha *-and#* (mar atá san fhoirm *midnand* (15) thuas) .i. *Midna* + *-and* (= án) chun an fhoirm *Midnand* mar atá san fhoirm *Tech Midnand*, (15) thuas a fháil.

D'fhéadfaí díorthaithe an logainm a thaispeáint mar a leanas (ag fágáil #S de STA (a míníodh thuas) ar lár an uair seo, agus ag fágáil na míre díspeagtha as an áireamh freisin [tá séimhiú ar *-g#* de *Taig* intuigthe = *Taigh* nó TEACH + tabh]:

- **Taigh Midna* + cailliúnt *-a#*,
- > **Taigh Midn* + cailliúint *-gh#*, consan coguasach cuimilteach de *Taigh*
- > **Ta Midn* + séimhiú ar an *-d-* lár, mura bhfuil an séimhiú ansin cheana féin
- > **Ta Midhn* + cáilliúint an chonsain láir agus fadú an ghuta mar chúiteamh
- > **Ta Mín* < **Tamín* + #S + litriú an Bhéarla < *Stameen*

Níl ach *Stameen* amháin sa tír.

¹³ 'Oct 8. ... Ciarán ... abb Rátha Muighe agus Tech Mofhinna' (*op cit*: 192). Is cosúil go bhfuil dhá *Taghmon* ann, ceann díobh ó 'Tech mo Fhinna, now *Taghmon* co Wexford gen. Tighe mofhionda AD 779 recte 784' (ARÉ i:384), agus an ceann eile ó 'Teagh Munna ... in the county of Westmeath' (1452 ARÉ iv:982-83, fonóta d).

¹⁴ 'Aug 4th. *Midnat Cilli Lucinni*; fonóta 3: of Cell Lucinni' (*op cit*).

¹⁵ 'Mí Apréil 11. Ronain Moedog mainech &rl. .i. ó Chluain mor .i. *Maedóc mac Midna* mic Meta mic Nindeda mic Naxair mic Crimthain' (*op cit*).

'Mí Márta 23. Mo maedoc .i. *mac Midna* mic Meite mic Nindedha mic Nacsair mic Crimthain mic Cathair moir' (FO:100).

¹⁶ 'or is brathair bagach .i. do Laignib iat andis.' Ní léir cén *dís* nó cén bheirt atá i gceist san iontráil seo. (*op cit*:114).

[16] DANESTOWN

Ní logainm de bhunús na Gaeilge é seo (2014)

*Baile an Dainigh (ainm neamhdheimhnithe *logainm.ie* 2013)

?*Baile d'Avenie (2014)

1)	1396	Daueneyestoun	CGR:34 f.30d.
2)	1532	Dameston ¹⁷ [Scryne]	Hen VIII 63/99 CI 1991:34
3)	1535	Danneston	Hen VIII 69/102 <i>ibid</i> :39
4)	1538	Daneston ¹⁸	Hen VIII 109/46 (c) <i>ibid</i> :58
5)	1540-41	Renaghan ¹⁹	IMP:269
6)	1544-45	Daneston [Scryne] ²⁰	IFTS iii (Hen VIII): 632 F 6797
7)	1545	Daueston X 2 ²¹	Deed (English) Eliz 67/42, <i>ibid</i> :214, (1)
		Daueston X 2	<i>ibid</i> :(3)
8)	1546	Daneston	Hen VIII 193/56 <i>ibid</i> :110
9)	1552	?Daneston ²²	IFTS i (Ed VI): 202, F1083 (TS <i>logainm.ie</i>)
10)	1532	Dameston ²³	Eliz 58/36, CI 1991:200
11)	1571	Daneston [Scryne] ²⁴	Eliz 63/42 <i>ibid</i> :203
12)	1572	Daneston	IFTS ii (Eliz):269, F 2098
		Daneston ²⁵	<i>ibid</i> : 271 F 2117

¹⁷ Féach faoi 'Danestown paróiste Skreen' in innéacs CI 1991:559.

¹⁸ 'James Mareward, baron of Scryn, was seised on 5 feb 1519 of the lordship of Scryn, co Meath & all mes. etc in ... 40s. from Daneston ...' (*ibid*).

¹⁹ [Teideal] 'Renaghan. In the *villata*, 20 mess. and cottages and 360 acr. ar. and mountain p., held by Oliver Nugent gent. to farm p.t.a., paying 66.s.8.d., and 20 hens for all the tenants, (2.d.) 3.s. 4.d., a half heriot for all persons dying there, 13s.4.d., and customs for the cottiers, 3.s.4.d. Total, 4.li. 6.s. 8.d' (*ibid*).

²⁰ 'Patent of Grant uniting and appropriating to the bishopric and see of Meath [*liosta fada logainmneacha*] ...tithes ... issuing ... out of ... Daneston ... Kilcarne ... Balreske ...' (*ibid*).

²¹ Seans go bhfuil an comhartha céanna sa lámhscríbhinn don litir 'n' agus 'u'. Táim ag léamh *n* le haghaidh *u* i samplaí na cáipéise seo. Is mar a leanas a scríobhadh iad: '... 81. pasture in Daueston ... 9 a. pasture in Daueston ... any other property in ... Daueston ... Haggston ... Elizabeth Becke ... to pay the rents due to the crown, viz ... £10-16-10 for Scaternaghe, Daueston ...' (*ibid*). Luaitear *Daueslande* sa cháipéis seo freisin, ach is áit eile í sin, féach Eliz 173/111 CI 1991:264.

²² 'Original Fiants destroyed in Four Courts fire 1922. Lease (English ... [*liosta fada logainmneacha*] ... Daneston ... the possessions of S. Mary's Abbey [?Dublin], excepting such portions as were granted by Henry VIII' (*ibid*).

²³ Tugtar *Dameston* faoi *Danestown* i bparóiste *Skreen* in innéacs na foinse seo CI 1991:550.

²⁴ 'Thomas Kent of Rayeston, co. Meath who d. about 60 years ago, was seised of 80a. in Daneston co. Meath, held from the baron of Scryne by rent and suit of court to the manor of Scryne ...' (*ibid*).

²⁵ 'Comission to ... cause to come before them all the inhabitants ... to assess and array, acc. to their property, the number of horse and foot which they should supply ... return to the lord deputy before 1st July. ... Nicholas Kent of Daneston' (*ibid*)

13)	1560	Daneston X 2 Daueston ²⁶	Eliz 67/47 <i>ibid</i> : 213
14)	1575	Danestone	Lease (English) IFTS ii (Eliz): 353 F 2660
15)	1587	Daneston	Eliz 173/111 CI 1991:264
16)	1594	Danestowne	Eliz 221/148 <i>ibid</i> : 294
17)	1596	Daniston	Eliz. 232/155 <i>ibid</i> : 304
18)	1606-07	Daneston X 3	Jac I:1 Inq Lag
19)	1624	Daniston	Car I 101 <i>ibid</i>
20)	1654-56	[The Barrony of Skreen] Danistowne [P] X 3 Danistowne Danistowne & Ranagh Ranaghan Danistowne X 2 Danistowne	CS 51 ²⁷ 57 57 57 58 77
21)	1655-9	Danistowne	ls BN Goblet:185
22)	1657	Danistowne Parish Danistown & Ranaghan ²⁸	DS = (par), TS 1, TS 2 <i>logainm.ie</i> DS = bf, TS 2 <i>logainm.ie</i> /TT <i>logainm.ie</i> (2013)
23)	1672	Danistowne	ls HD Goblet:185
24)		Danistown	GJ Rates (Old Docket):AL
25)	1786	Danesland alias Dawesland	Archdall Mon Hib (White):537
26)	1812	Dannistown	AL:Larkin's map (TS 1 <i>logainm.ie</i>) ²⁹
27)	1824	Danistown	Old Docket HC Sy 7 Val: AL
28)	1836	Danestown Parish Danestown	OC, OSL:149 JOD:AL (TT <i>logainm.ie</i>)

²⁶ Luaitear *Danesland* sa cháipéis seo freisin agus i gcáipéisí eile; tharlódh go raibh baint ag *Danesland* le *Daneston*, féach: 'Dewlek ... Mead parke & Millans parke in Graunge *alias* Rough Graunge ... Corbally ... Callaghton *alias* Callyaghton ... Dodman Ditche in Rydder *alias* Rodder Milton ... 60a called Danesland, 2 mes. & 58a. in Fowlerston, all in co. Meath...' (*ibid*), ach luaitear: 'Danesland *alias* Dawsesland & Fowlerston' níos faide ar aghaidh sa cháipéis - mar sin, caitfidh sé gur áit eile atá sa *Danesland*/*Dawsesland* seo.

²⁷ 'In the said parish [465 acra ar fad] are these ensewing townes & villages Danistowne Ranagh Cisles. Danistowne & Ranagh one Plowland Cisles ¼ part of a plowland' (CS:57). [D'aistrigh Uilliam IV *Cisles* [*Sicily*] go *Duleek Lower* (*ibid*:51, fonóta 2)].

²⁸ *Ranagh* agus *Ranaghan* (20) atá cláraithe sa CS, agus *Roonachan*/*Rannachan*/*Raithneachán* atá ag OD, féach (32) sa Tábla.

²⁹ Chinn orm *Dannistown* a fheiceáil ar léarscáil Larkin.

29)	1835/6 revised 1899	Danestown	Is SO
30)	1836	baile dainne/ dāinne (<i>sic</i>)	peann luaidhe AL ³⁰
31)	1836	Baile Dháinne	OSL: 149 [<i>recte</i> OC] (TT <i>logainm.ie</i>)
32)		Roonachan Rannachan Raithneachán	peann luaidhe AL TT <i>logainm.ie</i> OD:AL TT <i>logainm.ie</i>
33)	11.3.93	Baile an Dainigh	SO:PÓC, NÓM TT <i>logainm.ie</i>
34)	2014	'de:nəʃ təun 'de:niʃ təun	fogharscríobh, David Kearney Paul Kerby

Tá an logainm *Danestown* ar pharóiste agus ar bhaile fearainn araon i mbarúntacht Dhamh Liag Íochtarach, Contae na Mí. Is cosúil gur logainm dhá mhíre é – *Dan(e)*- agus TOWN agus iad nasctha le chéile le *s* sealbhach an Bhéarla. Is iad foirmeacha an cháilitheora ná *Dauen-* (1), *Dam-* (2), *Dann-* (3), (26), *Dan-* (4), (6), (8), (9), (11) - (25), (27), (28), (29), *Dam-* (10), *Dau-* (7), (13), *Daw-* (25). Is iad foirmeacha na míre sealbhaíochta atá le fáil ná *es-* (1) - (4), (6) - (16), (18), (25), (28), (29), *-is* (17), (19) - (24), agus (26). Is iad *toun/ ton/ town*[*e*] foirmeacha na príomheiliminte.

Tharlódh go bhfuil rian de ghinideach na Laidine tras-scríofa go foghraíoch i ndeireadh an cháilitheora, *-ey-* roimh an mír shealbhach san fhoirm *Daueneyestoun* (1) agus go bhfuil *u* le haghaidh *v* ann. Is cosúil gur botún peannaireachta is cúis leis an *-m-* in *Dameston* (2), agus gur léirléamh earráideach (*u* le haghaidh *n*) is cúis leis an bhfoirm *Dau-* (7), (13). Tharlódh gur míléamh lámhscríbhinne is cúis le *Daw-* (25), (? *w* le haghaidh *nn*). Chonaic Griffin an t-eagarthóir go leor logainmneacha sna féilirí stáit, arbh fhacthas di go raibh siad curtha as a riocht, agus dá bhrí sin ní raibh sí cinnte gur bhain *Dawneston* (4) le hábhar, nó nár bhain.

Tá an chosúlacht ar *Daueneyestoun* (1), gurb é a struchtúr ná *Daueney + es + toun*. Faightear taifead ar *Ric. Daueynes serjeant* ag deireadh na 13ú haoise, sa bhliain 1299 (CJI 1295-1303:281) agus tharlódh gur ón sloinne *d'aveni* a thagann an eilimint *Daueneyes*, féach *Roberti/o de Aveni(e)/ Willelmo de Auini* (Chart. St Mary's Abbey, Dublin i:144, **122**; 157-58, **135**; 229, **207**; 253,**242**; *ibid* ii:152 (*logainm.ie* 2013), agus

³⁰ 'OC?' atá ar TS 1 *logainm.ie*. Sílím go bhfuil sé ceart, mar is é O'Connor a thug cuairt ar pharóiste *Danestown*, féach OSL:149.

gur cailleadh an /v/ sa 15ú nó sa 16ú haois mar a tharla le *Damh Liag*, féach *Duleek* [37].

Maidir leis an gcéad eilimint *Dan[n]*, bhí daoine éagsúla den ainm sin in Éirinn go luath sa dara mílaois de réir na fianaise. Luadh *Castle Dany* (>? *Castellum* + *Dan* + *y* (? le haghaidh ginideach na Laidine *-i#*) sa bhliain 1199 (CDI 1171-1251:16,104). Tá tagairt do *William Daunay* (> ?**Dan* + *gin*) le fáil ón mbliain 1266 nó 1267 (CDI 1266 nó 1267:130, 810).³¹ Luadh *Dermod le fiz Daury moor of Mahany* (>**Dan* + míléamh *u* le haghaidh *n*) + *y* (*gin*) + *mór* sa bhliain 1297 (CJR 1295-1303:169).³² Tá tagairtí do *Roger Daury* (CJR 1305-07:28, 483) agus do *Robert Daury* (míléamh *u* le haghaidh *n* arís) (*ibid*:198, 499) le fáil sna blianta 1300, 1305 agus 1306, agus luaitear *Adam Dan* a maraíodh sa bhliain 1307 freisin (Chart St Mary's Abb Dublin ii:335). Chuir Ó Donnabháin an ghluais 'Danes, a family name' le *Danestown* (28).

Is léir mar sin, nár sheas *Daueney-* (1), ach go mbaintí leas as *Dan[n]* mar shloinne in Éirinn ag deireadh na 12ú haoise/ tús na 13ú haoise - sloinne a bhfuil an fhoirm *Dane* le fáil dó i Sasana ón 13ú haois i leith; féach *William de la Dane* 1275 agus *William atte Dane* 1327 (Reaney & Wilson 1958:94). D'fhéadfadh sé a bheith díorthaithe ó *de Avenie* (mar a pléadh thuas),³³ nó d'fhéadfadh sé a bheith díorthaithe ón Sean-Bhéarla *denu* 'valley'. Is iad *dane/ dene* na foirmeacha de a bhíonn i logainmneacha Shasana (*ibid*).³⁴ Tá an sloinne *Dane* le fáil in Éirinn freisin (MacLysaght [1957] 1985:74).

De réir an CS, bhí *Dainistowne* i mbarúntacht *Scrín* sa 17ú haois, chomh maith leis na bailte *Ranagh/ Ranaghan* (<**Raithneach*) agus *Cisles*, (féach *Sicily* [17]), ach d'aistrigh Uilliam IV (1765-1834) go barúntacht *Dhamh Liag* Íochtarach iad uile. Cé nach bhfuil *Ranagh/ Ranaghan* aitheanta mar bhaile fearainn go comhaimseartha, b'fhiú an dornán samplaí atá sa Tábla thuas a phlé.

Tugadh *Renaghan* (5) ar an mbaile fearainn sa 16ú haois. [*Danistown* &] *Ranagh/ Ranaghan* (20) a bhí air sa 17ú haois, de réir an CS. Nuair a tháinig ÓD in 1836, ba iad

³¹ Tá 'p 145' cláraithe san Innéacs, *recte* lch 130. An bhféadfadh sé gur ar shloinne a mhic atá an sampla *Daueneyestoun* (1) bunaithe?

³² 'Yet of the Cantred of Leys' is teideal den cháipéis seo. Theastódh roinnt taighde a dhéanamh ar *Mahany* lena bhunús a scaoileadh. An bhféadfadh sé gur **Magh* a bheadh sa chéad eilimint? Tugadh *Leylonde/ Leyton* ar *Laytown* (féach *Laytown/ Bettystown* [9]), an baile fearainn a dtéann An Ainí/ *Nanny Water* tríd. Mar sin an bhféadfadh sé gur **Magh Ainghe/ Ainí* a bheadh i geist le *Mahany* agus go bhfuil baint ag *Leys* le *Laytown*?

³³ Féach 'Avène, Daveine, Davenne ... (Normandie, Picardie)' (Morlet 1991:62).

³⁴ 'OE *denu* valley, as dane in place-n in Essex Herts, Beds, Kent and Sussex. *Roger ate Dane* 1296 and *Walter ate Dane* (1296). *Dane End.*' (*ibid*:94-5). Féach *Dean* (Hanks & Hodges:141). Féach freisin *Deenes* [34].

na foirmeacha a thaifead seisean i bpeann luaidhe, ná *Roonachan/ Rannachan* (33) < *Raithneachán*, leis an ngluais

a place abounding in ferns, ie ‘filicetum’ OD:AL (TT *logainm.ie* 2013)

agus an chosúlacht air go raibh mír dhíspeagtha na Gaeilge –*án* curtha leis an eilimint RAITHNEACH. Má bhí droch-thalamh lán le raithneach ag an am a tugadh *Roonachan/ Rannachan* ar an áit, ní raibh sé amhlaidh sa 17ú haois. Is mar seo a chuirtear síos ar an 345 acra talaimh a bhí i n*Daniston* agus i *Ranaghan* de réir an CS:

	Acres	Arable 280
Danistowne & Ranaghan	280	Meadow 15
one ploughland	65	Pasture 50

Is léir uaidh sin gur talamh maith le haghaidh curadóireachta, mar mhóinéar agus le haghaidh féaraigh a bhí ann, agus níl aon trácht ar thalamh a bheadh ‘unprofitable’, mar atá i gcás cuid de pharóiste *Oldcastle* mar shampla (CS:268 -273).

Ar ndóigh, mura dtugtar aire do thalamh, d’fhéadfadh sé iompú ina raithneachán, agus b’fhéidir gur raithneachán a bhí ann sa 19ú haois, mar a shíl Ó Donnabháin (*passim*). Tá féidearthacht eile ann, ámh, arbh fhiú í a lua anseo. Sa bhliain 1362, beagnach dhá chéad bliain sula raibh trácht ar *Renaghan*, tagraíodh d’íocaíocht a tugadh d’fhear darbh ainm *Duold Renagh* (< *Domhnall Riabhach*) i gcáipéis riaracháin, a bhí scríofa i bhFraincis (Richardson/ Sayles 1963:264).³⁵ Más féidir an fhoirm ghallda *Renagh* a cheangal le *Riabhach*, an bhféadfadh sé go dtagann *Renaghan* ó *Riabhachán* > *Renagh/ Riabhach* + *-án*, foirm den mhír dhíspeagtha?

Maidir le leaganacha Gaeilge *Danestown*, is sa 19ú haois a fhaightear na chéad samplaí - scríobh O’ Conor *baile dainne/ dāinne (sic)* (29) i bpeann luaidhe san AL in 1836, chomh maith leis an leagan *Baile Dháinne*, féach:

Danestown Parish is called Baile Dháinne. In Danestown there is an old Church in ruins called Teampall Bhaile Dháine.³⁶

³⁵ ‘Nous vous faisons assavoir qe Roger Berde ... a temps q’il estoit conestable du chastel de Trym, paia pur la sustenance McMorgh et **Duald Renagh** demorant en sa garde dedeins le dit chastel ...’ (*ibid*).

³⁶ Féach freisin AICM:133:1379.

There is also a well in it called Tobar na Trionoide Fons Trinitatis (OSL:149), (30).

Chonaic Ó Donnabháin iarsmaí ‘fort’ ar an mbaile fearainn sa 19ú haois (Desc Rem:AL, TT *logainm.ie*). Foilsíodh grianghraf dá iarsmaí - is cosúil le ráth é - agus rinneadh cur síos air san 20ú haois (AICM 68-9:618). Ar ceart an eilimint RÁTH a bheith i leagan Gaeilge an logainm agus iarsmaí rátha le fáil sa bhaile fearainn?³⁷

I bhfianaise an méid a deir O’Conor faoi nós labhartha Gaeilge na ndaoine i gcás *Gernon’s town*, (OSL:104) d’fhéadfadh sé gur foirm Ghaeilge aischruthaithe atá sa sampla *Baile Dháinne* (30) thuasluaite, cé go bhféadfadh sé go raibh tionchar ag an bhfoirm *Teampall Bhaile Dháinne* uirthi, a thaifead O’Conor ag an am sin, sa 19ú haois, chomh maith.

Is é *Baile an Dainigh* (13) a mhol PÓC agus NÓM na Suirbhéireachta Ordanáis in 1993, agus an ghluais

the town of An Daineach

An Daineach – ón sloinne Dain (< Dane, Dann) (*logainm.ie* 2009)

leis, a bhfuil an struchtúr BAILE + ALT + SLOINNE (gin) air.

Tá baile fearainn i mbarúntacht *Cnoc an Tóchair/ Knocktopher*, Cill Chainnigh darbh ainm *Danesrath*. Tá teacht ar an bhfoirm *Danesrath* ón mbliain 1400 i leith, agus an leagan Gaeilge *Ráth an Dinigh* (a mhol Ó Donnabháin sa bhliain 1838) deimhnithe dósan.

³⁷ Tá nóta ar TT *logainm.ie* (2009) maidir le *Deansrath/ Ráth an Dinigh/ Dennerath*, Ráth a dinni (AL) atá i gCill Chainnigh.

[17] **SICILY**³⁸ (ainm Gaeilge le deimhniú *logainm.ie*)

Ní logainm de bhunús na Gaeilge é seo (2014)

* **Seisiligh** nó ***Baile Seisil** (roghanna an taighdeora **2014**)

- | | | | |
|----|---------|----------------------------|---|
| 1) | 1654-56 | Sisley [Barony of Screane] | CS: 37 |
| | | [lands of] Sisley | 37 |
| | | Cisles 3 | 51 |
| | | Cisles X 2 | 57 |
| | | Cisles | 77 |
| 2) | 1654 | Sisly ³⁹ | DS:AL (TC <i>logainm.ie</i> 2010) |
| 3) | c1830 | Sicily | BS:AL (TC <i>logainm.ie</i> 2010) |
| 4) | 1830-40 | Sicily | JOD:AL (TC <i>logainm.ie</i> 2010) |
| | | ‘A fancy name’ | nóta OD |
| 5) | 1836 | Sicily | Kentstown school master AL
(TC <i>logainm.ie</i> 2010) |
| 6) | 1836 | Sisligh | OC:AL (TC <i>logainm.ie</i> 2010) |
| 7) | 1930 | Sicily | |
| 8) | 1836 | Sisligh | pl:AL (TC <i>logainm.ie</i> 2010) |
| 9) | 2010 | 'sisəli | fogharscríobh Paul Kerby |
| | 2014 | 'sesəli | |

Is i bparóiste *Danestown* i mbarúntacht Dhamh Liag Íochtarach i gContae na Mí atá an baile fearainn *Sicily*. Is iad *Sisley/ Cisles* (1) agus *Sicly* (2) na foirmeacha a scríobhadh sa 17ú haois. Níl ach foirm amháin eile le fáil ina dhiaidh sin, féach *Sicily* (3) - (7), a bhfuil teacht uirthi sa 19ú haois.

³⁸ Fonóta 2: ‘The denomination of **Cisles** (Sicily) set out in text transferred to the barony of Duleek Lower in pursuance of 6 & 7 Wm IV c. 84’ (CS:51). Mhair Uilliam IV idir 1765 – 1834. Níl aon tagairt don logainm *Sicily* ná do leaganacha an tsloinne *Seisil/ Cecil* (féach fonóta 4) le fáil sna foinsí a leanas: CDI, SRPI, ICL, Forfeited estates 1700 (cf. an Noda), Archdall 1786, CSL 1540-1, CI 1991, Goblet 1932, Is SO 1835/6 revised 1899. [Cé go raibh Éadbhard I ar oileán *Sicily* sa Mheán Mhuir ag deireadh na 13ú haoise, mar is léir ón tagairt: ‘... 30 liberates of land ... Connaught ... Given in Sicily [1270-1]’ (CDI 1293-1301:58, 108), ní dócha go bhfuil baint dá laghad ag ainm an oileáin sin le hainm an bhaile fearainn i bparóiste *Danestown*.]

³⁹ ‘Sisley being part of the parrish but in the Barony of Skreene’ (*ibid*).

Tá cairt de chuid *Mauricio Geroldi*, a scríobhadh c1175 dar teideal *Wallia* le fáil in CGR (202-206). Bhí seisean ina easpag agus bhíodh Mainistir Naomh Dáibhí i *Menevensis* sa Bhreatain Bheag faoina chúram sa 12ú haois. Ba chuid de mhainistir *Llanthony Prima* í seo, agus bhí sí ina máthairtheach ar *Sancti Colombe de Colp*; Damh Liag a bhí ina príóireacht aici. Luaitear *Aidan*, mac le *Seisil* sa chairt, i gcomhthéacs talamh a thug Hugo de Lacy do *ecclesia Sancti Dauit* i *Monmouthshire* sa Bhreatain Bheag. Seo cuid de théacs na cairte ábhartha:

- i) ... et concedimus terram ... et seruicium Walteri Luned et *Aidani filii Seisil* etidem in feodo et hereditate sibi et heredibus suis libere et quiete in aquis in nemoribus in silius in viis in pratis in pasturis ... (c1175)
- ii) ... et terram *Aidani filii Seissilli* excepta illa parte terre illius quam Wotll'a fil' Radinor tenet ... (c1177)
- iii) ... et seruicium Walteri Luned et *Aidaini filii Seisil* has vero tenendas ab ecclesia sancti Dauit ... (c1175)
- iv) ... et seruicium Walteri Luned et *Aidani filii Seisil* ...[aistrithe go Béarla *ibid*:165, (i) f.213 d, (ii) f.214, 166 (iii) f.214, (iv) f.214]⁴⁰

Tharlódh gur sliocht den *Seisil* seo is bunús le *Sicily* i bparóiste *Danestown*.⁴¹

Is í an tagairt do *Maurice Seisill* sa bhliain 1302 an chéad tagairt don sloinne in Éirinn a frítheadh don staidéar seo, féach:

Reginald de Dene ... held 5 towns and $\frac{3}{4}$ of a town of land at Kylcronin [Kk] of Roger Baron of Overk by the service of 60s.; and doing suit at the court of said Roger and yielding to Maurice Seisill for half a carucate of land at Kylpipe, $\frac{1}{2}$ mark yearly (CJR 1295-1303:403).

D'fhéadfadh sé go ndeachaigh meascán de phróisis gramadaí ó theangacha

⁴⁰ Féach freisin: '... all the valley with all its appurtenances, in which the church of St. John Baptist, of the first *Llanthony*, is situated; to wit, on one side of Kenenteset, and Askareswey, and by Ruggewey to Antefin; and on the side of Hatterell from the land of Seisil, the son of Gilbert, by Ruggewey to the bounds of Talgarth'(Roberts 1847 le fáil ar http://www.ewyaslacy.org.uk/Llanthony-Ewya-Lacy/The-Possessions-of-Llanthony-Priory/1847/gc_ewy_3045)

⁴¹ Ba sheanbhunaithe i Sasana iad muintir *Seisil*. Tá taifead orthu sa DB, féach *Saissill* 1066, *Seisill* 1188, *William Seisil* 1205, *Seysel* 1275 (Reaney & Wilson 1958:68), agus bhíodar bainteach le Contae *Hertford*, féach: 'The family of Cecil is of illustrious origin, and great antiquity. The name has undergone various alterations in its orthography. At an early date it was written **Sitsylt**, afterwards **Sicelt**, **Seycil**, **Seisel**, **Cicil**, and at length **Cecil**' (Duncumb 1812:302, le fáil ar http://www.ewyaslacy.org.uk/doc.php?d=rs_dic_0106)

éagsúla i bhfeidhm ar an ainm pearsanta *Seis[s]il[l]* go dtí gur socraíodh ar an bhfoirm *Sicily* don logainm. Tharlódh gur ardaíodh an chéad ghuta i *Seisil[l]* / *Seysel* sa chéad siolla (an siolla aiceanta) go /i/ < **Sisil*, le linn tréimhse an *Great English Vowel Shift* (Dobson ii:567, §76) agus gur tháinig an fhoirm *Cisles* (1) ó *Seisil[l]*- → **Sicil*- / **Cisil* - coimriú + *-es* sealbhach an Bhéarla.

Go hachomair: *Seisil[l]*- → **Sicil*- / **Cisil* - + coimriú + *-es* = *Cisles*.

D'fhéadfadh sé gurb é díorthú *Sisley* (1) ná:

Seisil[l]- → **Sisil*- / **Cisel* - + *-AIGH (> ACH + tabharthach), litrithe *-y#* →

**Sisily* + meanchoimriú → **Sisly*, litrithe *Sisley* (1).

D'fhéadfadh sé gur cuireadh isteach guta cúnta *-i-* idir an 17ú haois agus an 19ú haois mar a leanas:

**Sisly* + *-i-* → **Sisily*, litrithe *Sicily* > *Sicily* / **Siosailigh* nó /'sisəli/.

Go hachomair:

Seisil[l] + ardú guta sa chéad siolla → **Sisil* + *-ys# + cáilliúint *-s#* → *Sicily*.

Tharlódh sé gur foirm de *s* sealbhach an Bhéarla atá san *-ys.

Chuir O' Conor an leagan Gaeilge *Sisligh* (8) ar *Sicily* sa bhliain 1836.

Níl ach *Sicily* amháin sa tír.

Nóta

Bailíodh ainmneacha páirceanna *Danestown* sa bhliain 1930, ach ní raibh aon ainm Gaeilge ina measc, féach: *The fur cover* - is cosúil go mbíodh aitinn ag fás sa gharraí seo, agus gur áit mhaith a bhí ann le fiach an tsionnaigh; *The Barn field*; *Black Hill* - deirtear go raibh slinn dhubh faoin scraith; *Middle field* - deirtear gur garraí idir dhá gharraí den saghas céanna a bhí anseo; *Bog meadow*; *Lane field* - is cosúil gur ghearr bóithrín chun na feirme tríd an ngarraí seo; *The Oldtown* - chreidtear go raibh seanbhaile ansin fadó agus go raibh sceach síóg ansin agus ór i dtaisce faoi; *The Knight or Night* - tugadh aire do chaoirigh sa gharraí sin oícheanta (Coveney *et al* gan dáta c 2013:89).

[18] CRUICERATH⁴²

Sloinne gallda + eilimint Ghaeilge atá anseo a thóg áit ?*Baile Uí Riagáin (2014)

1)	1541	Crucerathe	IFTS i (Hen VIII):30-1 F254
2)	1551	Crucerathe	<i>ibid</i> (Ed VI):170-71 F779
3)	1566	Crucerathe	IFTS ii (Ed VI):100 F889
4)	1581/2	Crucerath X 2	Eliz 140/205 CI 1991: 255
5)	1654-56	Crucerath Cruicerath X 4 Creuicerath	CS 13 15 (X 2), 17, 48 17
6)	1659	Crusrath	Census:480
7)	c1668	Cruice Rath aʼs Rath at Ballygregan 13 Cruice Rath aʼs Rath at Ballyregan ⁴³	BSD Index <i>ibid</i> 13, 1666 sa téacs
8)	[1812]	Cruice Rath	Co Map:AL <i>logainm.ie</i>
9)	1824	Cruice Rath	HCSV:AL <i>logainm.ie</i> 2010
10)	c1830	Cruice Rath	BS:AL TT <i>logainm.ie</i> 2010
11)	1836	Cruicerath	JOD:AL TT <i>logainm.ie</i> 2010
12)	1835/6 revised 1899	Cruicerath	Is SO
13)	1836	Cruice Rath	Proprieter (Coddington):AL TT <i>logainm.ie</i> 2010
14)	1836 ⁴⁴	Cruice Rath	Quit Rents (Old Copy):AL TT <i>logainm.ie</i>
15)		Cruice Rath	GJ Rates (Old Docket):AL TT <i>logainm.ie</i>
16)	1836	Rath Chrúis Rath chrúis	OD:AL Peann luaidhe TT <i>logainm.ie</i>
17)	2009	'ku:rʃ'ra 'kru:ʃə'ra	fogharscríobh, Paddy Lenihan, Angela Kerrigan

Is i bparóiste *Donore*, Barúntacht Dhamh Liag Íochtarach i gContae na Mí atá an baile fearainn *Cruicerath*. Is cosúil le *logainm* dhá mhíre é - *Cruice* agus *ráth*. Is faoi struchtúr na Gaeilge a bhíonn an eilimint RÁTH i *logainmneacha* Gaeilge go hiondúil, mar atá sna *logainmneacha Rathmullan* [22] i bparóiste *Donore*, agus *Rathdrinagh* [83]

⁴² Níl *Cruicerath* cláraithe in innéacs an DS, ná in Goblet 1932. Níl sé marcáilte ar Is de chuid an DS.

⁴³ Bíonn an litir *e* an-chosúil leis an litir *o* sa BSD.

⁴⁴ Ar reachtaíodh an *Quit Rent Act* sa bhliain 1697?

i bparóiste *Knockcommon*, ach is faoi chomhréir an Bhéarla atá an logainm *Cruicerath*, mar atá sa logainm *Tuiterath* [71] i bparóiste *Kentstown*, agus [b'fhéidir] *Balrath* [90] i bparóiste *Piercetown* (féach freisin Caibidil 3, 2.2).

Is í *Crucerath* (1), (2) sa 16ú haois, an fhoirm is luaithe a frítheadh don staidéar seo. Cé is moite de *Crucerathe/ Cruicerath* (3), (4) na 16ú haoise, agus *Crucerath/ Cruicerath/ Creuicerath* (5), *Crusrath* (6), *Cruice Rath* (7) na 17ú haoise, is sa 19ú haois a frítheadh an chuid eile d'fhianaise an logainm. Faightear foirmeacha na 19ú haoise mar dhá eilimint scartha, féach *Cruice Rath* (8), (9), (10), (13), (14), (15), ach thaifead an tSuirbhéireacht Ordanáis an logainm mar aonad amháin, féach *Cruicerath* (10), (11). Mhol Ó Donnabháin *Rath Chrúis* (16) mar leagan Gaeilge ar an áit in 1836 ina bhfuil ord na n-eilimintí athraithe le go mbeidís faoi struchtúr na Gaeilge. Chuir sé an ghluais 'Cruices rath' leis. Is iontach spéisiúil an fhoirm í *Cruice Rath at̃s Rath at Ballyregan/ Ballyregan* (7) mar go dtugann sí le fios gur *Ballyregan* a bhíodh ar *Cruicerath* sular tugadh *Crucerath* air. Bhíodh muintir Uí Riagáin i mBreagh (Woulfe 1923:631) agus tá tuairiscí le fáil orthu sna hAnnála, cf. AU Mac Airt, Mac Niocaill 1032, 1054 agus

1029. Amhlaim m. Sitriuc, ri Gall, do erghabhail do Mathgamain H. Riagain, ri Bregh, co fargaibh da .c. dec bo 7 .ui. .xx. ech mBretnach 7 tri .xx. unga do or 7 cloidim Carlusa aitire Gaidel eter laigniu 7 Leth Cuind 7 .tri .xx. unga do argut gil ina ungai geimlech cona cethri fichid bo cuid focall 7 impidhe 7 cethri oeitire d'O Riagain fein fir sith, 7 lanlogh braghad in treas oeiteire (AU Mac Airt, Mac Niocaill: 466 §6).

Níor aimsíos aon tagairt do *Ballyregan*, Contae na Mí in CDI 1171 - 1307, ná in CJR 1295 - 1314, ná in SRPI i, ii, Hen VI, ná in IFTS Eliz, ámh, cé go bhfuil *Ballyregan* éagsúla le fáil sna contaethea a leanas: Lú, Loch Garman, Corcaigh, Luimneach agus Ciarraí de réir IFTS Eliz, agus tá tagairt luath do *Baliregan, Malahide* in CDI 1285-92.

Scríobhadh *Crucerathe* (1), (2) den chéad uair in 1541. Mar sin, shílfi gur ainmníodh *Cruicerath* am éigin roimh an dáta sin. Bheadh an 16ú haois i bhfad ró-dheireanach le go mbeadh tionchar na Normannach le feiceáil ar an logainm, ach beifear ag áiteamh anseo nach amhlaidh atá. Is sloinne Normannach é *de Cruys* atá díorthaithe ón Laidin *de Cruce* a chiallaíonn *Crois*, (tuiseal ginideach de *Cros*) as ar díorthaíodh foirmeacha an tsloinne *Cruice/ Cruise/ de Crúis/ Crúis* a fhaightear in

Éirinn (Woulfe 1923:256).⁴⁵ Chomharthaigh *Croix*, *Croce* áitreabh in aice le crois san Fhrainc (Morlet 1991:258),⁴⁶ agus mar a fheicimid, d'fheidhmigh sé mar shloinne in Éirinn i ndiaidh theacht na Normannach (CDI 1252- 1307).⁴⁷

Tá fianaise le fáil ar *villa Stephani de Crues/ villa Henrici de Crues* sna cáipéisí Laidine chomh luath le c1199-1203 go 1302, a bhí nasctha leis an *ecclesia de Nal* i mBÁC nó in *Clonalvy* i gContae na Mí (ICL: xxiii, 14, 15, 16, 40).⁴⁸ Tugadh *Naall Crues* ar an áit sin sa bhliain 1408 nuair a luadh *Thomas Crues* leis an *Ecclesia de Naall Crues*, agus *Matilda Crues* leis an *Ecclesia de Clonalwey* (*ibid*:183,185).⁴⁹ Tá tagairt do *vill Cruys/ vill of Robert Cruys* i gcáipéis a scríobhadh sa bhliain 1306, a áiríodh leis an *Deanery de Kenles* i gContae na Mí (CDI 1302-1307:268, 269). Tagraíodh do *Roberti de Crues* sa bhliain 1310 (ICL:127). Luadh na daoine *Robert de Crues* in 1247, *Robert (eile) de Cruys* in 1349, *Simon son of Robert de Crues* in 1362, chomh maith le *William de Cruce*, *Peter de Cruys/ Cruis*, *Henry de Cruys*, *Richard de Cruys*, *Walter de Cruys* sa 13ú agus sa 14ú haois (CGR:151 f.196d., 45, 46 f.50d. f.51., 99 f.125, 173 f.223d., 174 f.224). Bhí meascán d'áiteanna luaite leis na daoine sin – *Kenraghestoun/ Kenruxtoun*, [cuid de *Moorsides* i bparóiste *Clonalvey*] *Ardemaght brege* [? paróiste *Nobber/ An Obair*, i mbarúntacht *Cheanannas Íochtarraigh*], *Werwe* [? *Rathwire*, paróiste *Chill Liúcainne/ Killucan*, i mbarúntacht *Fhir Bhile/ Farbill*], *Stamehalmok* [?] (*op cit*).⁵⁰

Is sa bhliain 1393-4 a tagraíodh don ridire *John Cruce* i gcomhthéacs áite darbh ainm *Rathmore*. Tagraíodh d'aighneas a tharla sa bhliain 1417 agus arís c1457-8 idir *Crwyce lorde off Rathmore* agus *Simon Londrys lorde off Athboy*⁵¹

⁴⁵ Is léir nár tháinig an sloinne go hÉirinn tríd an Meán-Bhéarla, ós rud é gurb iad *Cruouche/ Cruche* (a díorthaíodh ón Laidin freisin) na foirmeacha gaolmhara atá sa teanga sin (MED:768 b, ME Local Surnames).

⁴⁶ Féach '**Croix ...Croce** Ces noms ont un sens topographique désignant la maison située près d'une croix, aussi nom de localité d'origine très frequent' (*op cit*).

⁴⁷ Féach innéacs CDI 1252-1285 ina bhfuil liosta fada tagairtí do mhuintir *Cruys*, *Crus*, *Cruce* (*op cit*:601-602), chomh maith le hinnéacs CDI 1285-1292 ina bhfuil liosta le háireamh de dhaoine darbh ainm *Cruise*, *Crus*, *Cruys*, *Crewes*, *Crowse*, *Crous* (*op cit*: 560), gan trácht ar na daoine a raibh *Cruise*, *Cruys*, *Crus* orthu achar beag ní ba deireanaí (CDI 1293-1301:412-413).

⁴⁸ Féach freisin:*ibid*:17 (AD 1251-60), *ibid*:58 (AD 1213-17), *ibid*:62 (AD 1211-13), *ibid*:77 (AD 1211), *ibid*:96 (AD 1302).

⁴⁹ Luadh talamh *Thomas Crues* in *Lyghleston et Kydagston* [i bparóiste *Nany* [= ?*Julianstown*] mar chuid de *Ecclesia de Naall Crues* anseo. Is cosúil, de réir na cáipéise, go raibh buntáistí an *Capella de Personeston* (a bhí mar chuid den *Ecclesia de Clonalwey*) ag *Matilda Crues* (*op cit*). Tá *Cruisetown/ Baile an Chrúisigh* suite in *Parsonstown/ Paróiste an Phearsúin*, barúntacht *Fhir Arda/Ferrard* sa lá inniu.

⁵⁰ Níl sé i gceist agam ach buille faoi thuairim a thabhairt ar shuíomh cuid de na háiteanna seo, nuair nach bhfuil baint dhíreach acu leis an g*Cruicerath* atá faoi chaibidil.

⁵¹ Tá thart ar 40 baile fearainn leis an ainm *Rathmore* orthu sa tír (Joyce 1869:275), ach ós rud é go bhfuil *Athboy* luaite sa cháipéis, d'fhéadfadh sé gurb é *Rathmore* sa bharúntacht *Lune* i gContae na Mí atá i

towching the bog off Balmartene (CGR 175 f.4).

Tá raidhse fianaise ar an sloinne *Cruce, Cruis, Cruse, Cruys, Cruyst, Cruice* in ionchúisithe Bhaile Átha Cliath ón 16ú haois i leith, agus ar *Cruiserath(e)/ Cruicerath/ -ragh/ Cruse Rath/ Cruserath/ Curtrath (sic)* i bparóiste Fhionnghlaise/ *Finglas* i mBaile Átha Cliath, chomh maith le fianaise ar *Cruicetown/ Crucesto(w)n/ Cruyston/ Crusyston* i bParóiste An Phearsúin/ *Parsonstown* i mbarúntacht Fhir Arda/ *Ferrard*, Contae Lú.⁵² Tá tagairt do *villatum de Cruiserathe* i bparóiste Fhionnghlas i gcáipéis a scríobhadh sa bhliain 1540-1 freisin (CSL 1540-1:196).

Tá fianaise chinnte ann mar sin, go raibh muintir *Cruces/ Cruce/ Cruys/ Cruis* lonnaithe i mBaile Átha Cliath, i gContae Lú agus i gContae na Mí ó thús na 13ú haoise i leith, agus ar ndóigh, thógfadh sé am orthu lonnú sna contaethe thuasluaite. Bheadh sé dóchúil gur thángadar go gairid i ndiaidh chéad ruathar na Normannach, agus gurb iad a sliocht a thug *Cruicerath* ar an mbaile fearainn atá faoi chaibidil anseo.⁵³ D'fhéadfadh sé gur orthu a bronnadh cuid de thalamh coigistithe phríoireacht *Sancti Michaelis* (féach Caibidil 1, **4.9**, agus *Duleek [37]*). Thuigeadar go raibh an eilimint RÁTH seanbhunaithe in Éirinn, mar a thuigeadar i gcás na heiliminte EW(Y)AS [*Ewias* sa Bhreatain] sa Bhreatain Bheag (<http://en.wikipedia.org/wiki/Ewyas>), agus iad ag cur na n-ainmneacha *Ewas Lacy* agus *Ewas Harold* ar áiteanna thall sa Bhreatain Bheag, féach Caibidil 3, **2.2**.

Mhair an sloinne sa logainm *Cruisetown* i gContae Lú.⁵⁴ Níor mhair *vill Cruys/ vill of Robert Cruys* a luadh le *Kenles* sa bhliain 1306 (*op cit*).

Tá *Cruiserath*, paróiste *Donore* ar cheann de dhá bhaile fearainn a bhfuil an t-ainm *Cruiserath* air go comhaimseartha. Is i bparóiste Fhionnghlaise, Bhaile Átha Cliath atá an *Cruiserath* eile. *Ballygregan/ Ballyregan* a bhíodh ar an *gCruicerath*, paróiste *Donore* níos túisce sa stair, sna blianta roimh c1668.

gceist anseo. An bhféadfadh sé go dtagraíonn *Balmartene* do *Martinstown* i bparóiste *Girley* i mbarúntacht *Lune*?

⁵² Féach innéacs CI 1991:554-5.

⁵³ Ní luaitear éinne den sloinne *Cruice* srl sa téacs *La geste des Engleis yn Yrlande* a scríobhadh sa deichniúr deireanach den 12ú haois. Athchóiríodh an chroinic sin ó am go chéile - rinneadh an t-athchóiriú deireanach air thart ar 1230. Níl ach cóip amháin den téacs ar marthain. Rinneadh an chóip sin ag deireadh na 13ú haoise (Mulally 2002:37)

⁵⁴ Is é *Baile an Chrúisigh* ainm deimhnithe na SO ar *Cruisetown* (logainm.ie).

[19] DONORE⁵⁵*Dún Uabhair (neamhdheimhnithe *logainm.ie* 2013, rogha an taighdeora 2014)

- | | | | |
|-----|-----------|---------------------------------------|--|
| 1) | [c. 1252] | Donoure | CXXIII Carta eiusdem Willelmi de una carucata terre <i>ibidem</i> cum pertinentiis ICL:115 ⁵⁶ |
| 2) | c1260 | Donowre | CXXV Carta eiusdem de Alicie eisdem ⁵⁷ <i>ibid</i> :116-7 |
| 3) | 1296 | Donowre | CXXVII Confirmacio eiusdem Alicie ... <i>ibid</i> :119 |
| 4) | 1306 | Donouere X 2 | 713 Tax. D. M. CDI 1302-1307:253, 254
Féach <i>corrigenda</i> xii ⁵⁸ |
| 5) | 1408 | Donure x 2 | CLXV Extenta omnium possessionum ... ⁵⁹ <i>ibid</i> :180 |
| 6) | 1540-1 | ?Donnour | CSL:118 <i>Comitatus Midie</i> Extenta manerii de Portelester ...
Féach freisin <i>ibid</i> :52, <i>ibid</i> :198 |
| 7) | 1540-41 | Donnore
Donnore | IMP 1540-41:216
219 |
| 8) | 1541 | [Balregan by]
Donore
Donore X 2 | IFTS i (Hen VIII):31 F254 ⁶⁰ |
| 9) | 1551 | Donore X 3 | <i>ibid</i> (Ed VI): 170-71 F779 |
| 10) | 1531 | Donowyr [P] | H VIII 59/95 CI 1991:33 ⁶¹ |

⁵⁵ Níl *Donore* na Mí marcáilte ar Is an DS ná ar BN, ná ar HD. Tá *Donore* P Wells CL, *Dooneore* P Ardnorcher WM, *Dunower* i bparóiste *Killaconican* EM agus *Dunowre* i bparóiste *Multifarnham* WM ag Goblet (194, 209). Tá áit darbh ainm *Downenower* in *Kinneliaghe* luaite i gcomhthéacs pardún a tugadh don chruitire Richard O'Mullane [?1565 AD] (IFTS ii (Eliz):87 F799). Ba é *Sir Nicholas Arnold lord justice* a shínigh an párdún. Níor éirigh liom suíomh *Downenower* a aimsiú.

⁵⁶ '...de consensus et voluntate vsoris mee Alicie Bele Iambe... vnam carucatam terre in maniero de Colp ... xxxviii acras terre in Donoure ...' (*op cit*) [aistrithe ag AH 2008:312].

⁵⁷ '... ego Alicia Bele Iambe domina de Colpe de[di] et cetera et hac presenti carta mea confirmaui Deo vnam carucatam terre in manerio de Colp videlicet ... et xxxvij¹⁰ acras terre in Donowre que sunt inter magnam viam que est versus Drocheda et dominicum meum et extenndunt se in lonitudine de terra Nicholai filii Pagani ...' (*op cit*) [aistrithe ag AH 2008: 315].

⁵⁸ 'Temporalities of the house of [the Abbot of Mellifont,] at Donore Value. 12 marks Tenth.16s. ... Chapel of Donore ...' (*op cit*). '*Corrigenda xii*: For *Donore* read Donouere [lgh 253, 254]' (*ibid*).

⁵⁹ Fo-theideal: 'Dominicum. ... Campus vocatus Donure continet xxij acras terre arables, et quelibet (*sic*) acra potest seminari vt supra, qualibet acra valente per annum vt supra qualibet acra ...' Fo-theideal: 'Pratum: ... Item sunt ij acre prati iacentes inter campum vocatum le Mylfelde et Donure, qualibet acra valente vt supra -' (*op cit*) (AH 318).

⁶⁰ Luaitear go leor logainmneacha ábhartha sa cháipéis seo, féach: '... Oldbrige, Shepehouse, Rathmolane, Stalinge, Donore ... Kelliston, Cracamothon, Rosnyry, Gilton, Dromynhaull, Radronoghe, Cullyn and Starenaghe ... the weirs of Stalinge, Brows, Monckenwerr, and Oldbrige, ... rectories of Cruerath, Balregan by Donore, Donore, Knocamohan, Rossynry ...' (*op cit*)

⁶¹ Tá eolas spéisiúil sa cháipéis seo, féach: 'Intrusion into Crown Property ... Dublin* [*trans.* Mills, féach CI 1991: ix] ... Jurors.... Robert Betagh of **Donowyr** Nicholas Mole of Maryneston, John Rathe of

11)	1552	[Donnower] ⁶²	Inq. J.1:AL <i>logainm.ie</i>
12)	1566	Donnore	IFTS ii (Eliz):100 F889
13)	1607	?Donowre ⁶³	J1 47 Edmund Nugent deed. Latin, intent in English CI 1991:344 (3)
14)	1609	Donnowir [P]	J 1 61 Patrick Lynch PM <i>ibid</i> : 361 (1)
15)	1624	Donore	C I:24 <i>ibid</i> :416 ⁶⁴
16)	1628	Donowre	Car I 40 Inq Lag, féach freisin: Inq. C.1:AL (<i>logainm.ie</i> 2010)
17)	1654-56	Donowre Donnoure Donoure Donour	CS:lch. tosaigh <i>The Barrony of Duleeke 2</i> 13,14 14 48
18)	1655	Parish of Denore Denore Parrish	DS innéacs Duleeke & Abby Parrishes DS: The Barrony of Dulecke in the County of Meath by Wm Morgan. An exact copy by Dan ¹ O Brien surv ^{or} (<i>sic</i>)
19)	1659	Dunowre	Census:480
20)	1663	Donower Parish	BSD 13, Teideal sa téacs
21)	1812	Donower	Co Map:AL 183 (<i>logainm.ie</i>)
22)	1824	Donower	HCSV 1000:AL (<i>logainm.ie</i>)
23)	c1830	Donore	BS:AL (<i>logainm.ie</i>)
24)	1830-40	Donore	JOD:AL (<i>logainm.ie</i>)
25)	1835/6 revised 1899	Donore Ho	Is OS
26)	1836	Donore Donower	Proprieter (Coddington):AL(<i>logainm.ie</i>) GJ Rates (Old Docket):AL (<i>logainm.ie</i>)
27)	1836	Donore	JOD:AL

Loghyside [? M *san innéacs*] ... William Starkey of Ninche ... Sir William Darcy of Plattyn intruded on 1 July 1509 into the manor of Rathweyr, co. Meath, worth £13-6-8 p.a., which the king had inherited through his mother from Edward IV, & has since been taking the rents and profits' (*op cit* 33-4). Baineann na giúróirí le paróistí i gContae na Mí de réir innéacs na foinse seo.

⁶² Níl an tagairt seo le fáil in Inq Lag. Baineann an áit seo le *Dublin* de réir innéacs CI 1991:570.

⁶³ Seo cuid de na *logainmneacha* atá liostaithe sa cháipéis seo: '... Kerrolanstone, Kilmessan, **Donowre**, Cussentowne, Kilmore, Dyrrenagarragh ...' (*op cit*). An mbaineann siad leis an Iarmhí?

⁶⁴ Cuireadh an ghluais: 'Not in Calender. Listed as "same" **Donore**, 18 July 1642' le sampla (15) (*op cit*).

		Done-ouer	pron.:AL [pron. = pronunciation]
28)	1836	Dún uabhair	OD:AL (<i>logainm.ie</i>) 'fort of pride'
		Dún uabhair	AL:Peann luaidhe
29)	1836	Dún úabhair	O' Conor OSL:137
30)	1914	Dún Uabhair	Laoide 1914:83
31)	1928	Dun-Uabhair	Ó Meachair 1928: 132 'Fort of pride.'
		Dunore	
32)	1969	Dún Uabhair	AGBP:54
33)	1989	Donover	O'Boyle:105
34)	2002	Dún Uabhair	Fl & Fl:203 'fort of pride'
35)	2009	Dún Uabhair	SO neamhdheimhnithe
36)	2010	'dun'o: r	fogharscríobh, Paddy Lenihan
	2014	,dun'o: r	Paul Kerby

Tá an t-ainm *Donore* ar pharóiste agus ar bhaile fearainn araon i mbarúntacht Dhamh Liag Íochtarach i gContae na Mí. Is cosúil gur dhá mhír atá sa logainm seo, a bhfuil leaganacha trí shiollacha de le fáil, chomh maith leis an leagan comhaimseartha *Donore* atá déshiollach.

Is iad na foirmeacha tríshiollacha ná *Donouere* (4), *Donowyr* (10), *Donnowir* (15), *Donower* (20) - (22), (27) agus *Donover* (34), agus d'fhéadfaí a áiteamh gur leaganacha tríshiollacha iad *Donoure* (1), (17), *Donowre* (2), (3), (16), (17), (19), (20), *Donnore* (7), (12) agus *Donour* (17) freisin. Cé go bhfuil an chosúlacht air gur leaganacha déshiollacha atá sna samplaí *Donure* (5), *Donore* (8), (9), (15), (18), (23) - (26), (29), agus *Denore* (18), tugann nóta Uí Dhonnabháin le fios gur logainm tríshiollach atá sa leagan *Donore* freisin, féach:

Done-ouer pron[unciation] (AL, (28) sa Tábla thuas)

Is cosúil go bhfreagraíonn an príomheilimint *Don[n]-* do *Dún* na Gaeilge mar a fheictear sna logainmneacha *Donegal/ Dún* na nGall, *Doneraile/ Dún* ar Aill [Co], *Donaskie/ Dún* na Sciath [TA], *Donanaghta/ Dún* an Uchta [G], *Donegore/ Dún* Ó

gCurra [A] agus *Donagreagh*/ Dún na Greá [D].⁶⁵ Bheinn in amhras go mbaineann an fhoirm *Donnour* (6) leis an bparóiste seo, mar tá sé luaite i gcomhthéacs cáipéise dar teideal *Extenta manerii de Portelester*. Is eilimint an-choitianta i gcóras logainmneacha na hÉireann í DÚN agus pléifear i gCaibidil 3, 2.1 í.

Maidir leis an dara heilimint Ghalldaithe *-ou[e]re/ -owre* agus *-ower[e]*, *-owir*, is féidir dhá léamh éagsúla a dhéanamh ar an *-ou-/ -ow-* atá inti; is iad sin (i) *-ou-/ -ow-* a léamh mar défhoghar nó (ii) an *-u-* nó an *-w-* a léamh mar /v/. Tá fianaise ann gur /v/ a deirtí san fhichú haois, féach *Donover* (34) a bhfuil an ghluais a leanas léi:

local pronunciation from Donore (ir Dun Uabhair) (34).⁶⁶

Ar ndóigh, níl an défhoghair /ua/ le fáil i gcóras foghraíochta an Bhéarla.

Is cosúil go bhfreagraíonn an *-w-* sna leaganacha stairiúla Gallda do *-bh-* na Gaeilge.

Thaifead O’Conor:

Donore P^h is called dún úabhair. In the T.L. of Sheep-house is an old church in ruins, called Teampal dhu- [= Teampal dh[ún úabhair]] (OSL:137, (30).

Is léir mar sin go raibh glactha leis sa 19ú gurb é an t-ainmfhocal *uabhar* bunús cháilitheoir an logainm,⁶⁷ agus níor athraigh sin san 20ú haois, ná san aois seo, féach *Dún uabhair* (29), *Dún úabhair* (30), *Dún Uabhair* (31), *Dún[-]Uabhair* (32), (33), (35), (36) atá aistriithe ‘fort of pride’ ag Ó Donnabháin (29), O’Conor (30), Ó Meachair (32) agus Flanagan & Flanagan (35). Tá an logainm *Dún Uabhair* le fáil i bhfoinsí dúchasacha Gaeilge de chuid na 14ú agus na 15ú haoise freisin, mar logainm a chomharthaíonn áiteanna san Iarmhí agus i gCorcaigh mar a phléifear thíos.

Faightear leaganacha dhéshiollacha den logainm ón 16ú haois i leith, féach *Don[n]ore* (7) - (9), (13), (16), (19), (23) - (27), *Denore* (19),⁶⁸ agus *Donure* (5). Ní thugann an fhoirm dhéshiollach sin aon léargas ar an struchtúr Gaeilge atá ceilte sa logainm ámh.

⁶⁵ Deir Muhr gur díorthaíodh an cáilitheoir seo ón bhfocal ‘grái’ (1996:231).

⁶⁶ Féach freisin *Donover* [BÁC] sa bhliain 1543 (CI 1991:99).

⁶⁷ Ar ndóigh, d’fheilfeadh AINM PEARSANTA (gin), nó AIDIACHT do struchtúr an logainm chomh maith céanna. Níl aon ainm pearsanta sa Ghaeilge a thosaíonn le GUTA + /v/ ámh (LMG).

⁶⁸ Is cosúil le botún scríobhaí an litir *e* san fhoirm *Denore* (19) atá scríofa ar chóip léarscáile an DS. Níor aimsigh mé aon tagairt do *Denore* ná do *Donore* ar innéacs an DS.

Tharlódh gur fianaise í an *-er/ -yr/ -ir* ar /r/ [r caol na Gaeilge] atá le sonrú ar an *-r#*, sna foirmeacha *Donouere* (4), *Donowyr* (10), *Donnowir* (14) agus fiú [*Donnowir* (11)], *Donower* (20) - (22), (27). Más ea is ginideach na Gaeilge atá léirithe iontu.

Níor frítheadh aon sampla den logainm seo ón 17ú haois.

Maidir le foirm Ghaeilge an logainm, réitíonn Ó Donnabháin, Laoide, Ó Meachair, Flanagan & Flanagan, agus lucht na SO le chéile sa mhéid is go molann siad ar fad *Dún Uabhair* (29) - (33), (35), (36) mar leagan Gaeilge ar *Donore*, cé is moite de dhifríochtaí beaga a bhaineann le ceannlitir, síneadh fada nó fleiscín.

Is comhartha seandachta ar logainm an t-alt a bheith in easnamh (Ó Maolfabhail 2005:55) agus is é an struchtúr DÚN + AINMFHOCAL (gin) atá sa logainm *Donore/ Dún Uabhair*.

Tá líon nach beag d'áiteanna sa tír, a bhfuil an logainm seo orthu go stairiúil; luadh *Dún Uabhair* [Co] sa bhliain 1262 (Misc Ir Ann 102 §1)⁶⁹ *Dún Uabhair* sa bhliain 1310 [IM] (Misc Ir Ann:138 §10),⁷⁰ *Donnor* i g*Castlerickard* [Mí] (CSL 1540-1:52, 198), *Donnour*, *Dunower* i *Killaconnigan* sa bhliain 1540-1 [Mí] (CSL 1540-1:118, 296) agus *Donower/ Donowr* sa bhliain 1552 [BÁC] (*ibid*:133-34).

Tá trí cinn de bhailte fearainn a bhfuil an t-ainm *Donore* orthu i gContae na Mí go comhaimseartha - an baile fearainn *Donore* i bparóiste Chill Chonnagáin/*Killaconigan* i mbarúntacht Luíne/*Lune*, *Donore* eile atá i bparóiste Mhaigh nEalta/*Moynalty* i mbarúntacht Cheanannas Íochtarach, chomh maith le *Donore*, an paróiste agus baile fearainn a pléadh thuas i mbarúntacht Dhamh Liag Íochtarach. Tá *Donore* mar logainm ar bhailte fearainn i gCill Dara, i gCeatharlach, san Iarmhí agus i Laois go comhaimseartha freisin.

⁶⁹ = Mac Carthaigh's Book 1114-1437: 'AD 1262 ... caislen *Duna Uabair* do losgadh ... ? near Galley Head, Co. Cork' (*op cit*).

⁷⁰ 'Sluaigheadh le Seafraigh O Feargail co *Dun Uabhuir* ...'(Rawl B 488, *op cit* 1310 §10). Féach freisin 1310: 'Sluagad la Sefraid h. Fergail co *Dun Uabair* (*Donore*, par. in bar. Moycashel. Co WM.' (Ann. Conn 1310:224 §17), *Recte* 'tl *Donore* (Demesne), par. *Ardnurcher*, barúntacht *Moycashel*' (Ó Murchadha 1994-5:17). Féach freisin *Donor* agus *Down Owyre(e) Ardnurcher* [IM] (CSL 1540-1:128, 271). Féach freisin *Donowre* [IM] a scríobhadh sna blianta 1581 agus 1598 (CI 1991:439, A8, A 9).

Barúntacht: Damh Liag Íochtarach

Paróiste: Donore

[20] GROVE ISLAND⁷¹

Is logainm Béarla é seo ó thús (2014)

*Oileán an Gharráin⁷² (ainm neamhdheimhnithe *logainm.ie* 2013)

1)	1830-40	Grove Island	Proprietor (Coddington) AL (TT <i>logainm.ie</i>)
2)	1836	Grove Island	Meresman (Ray)AL(TT <i>logainm.ie</i>)
3)	1836	Grove Island	OD AL (TT <i>logainm.ie</i>)
4)	1978	Grove Island	O.S. Sheets 26/6 Fitzsimons:97 Teideal: <i>Islands in River Boyne</i>
5)	13-4-89	Oileán an Gharráin	NÓM TS <i>logainm.ie</i>
6)	2009	Oileán an Gharráin	ainm neamhdheimhnithe, <i>logainm.ie</i>
7)	2010	? ⁷³	fogharscríobh

Is i bparóiste Dhún Uabhair/ *Donore* i mbarúntacht Dhamh Liag Íochtarach i gContae na Mí atá an baile fearainn *Grove Island*. Is logainm Béarla é seo a bhfuil an dá mhír *Grove* agus *Island* le sonrú ann agus iad scartha óna chéile. Is oileán é *Grove Island* atá i lár na Bóinne. Mar sin is léir go gcomharthaíonn an dara mír *Island* oileán.

Bhí roinnt áiteanna sa tír a raibh *Grove* orthu, go stairiúil, nó a raibh GROVE mar eilimint iontu; bhí *carucate* talaimh ag *Llewelyn the Welshman* ag *Grove* in *Carbery* sa bhliain 1282 (CDI 1252-1284:448, 1963). Tagraíodh do *Grove* eile ag *Leighlin Bridge* in *Karlaght* (Ceatharlach) sa bhliain 1549 (CSP 1509-1573:101,19) agus do *Grove's land in Rathowth* sa bhliain 1636 (ICL Car I 127,⁷⁴ Car II 3).

Tá tagairtí le fáil don sloinne *Grove* ar baineadh leas as in Éirinn agus i Sasana. Maidir leis an sloinne *Grove* in Éirinn, d'fheidhmigh *Simon Grove* mar fhear dlí in aghaidh *Matilda de Lacy* sa bhliain 1280 (CDI 1252-1284:340, 1651) agus tá tagairt do *William Grove of Rathowth* sa bhliain 1531 (Hen VIII 64/100 CI 1991:35). Tá teacht ar thagairtí a scríobhadh sa bhliain 1636 do *Grove's land in Rathowth* freisin

⁷¹ Níl an logainm seo luaithe in ICL, in CGR, in CSL 1540-1, ná in CI 1991.

⁷² 'Baile fearainn, oileán nó Oileánra' (Nóta mínithe: *logainm.ie* 2010).

⁷³ Níor chuala daoine trácht ar an áit seo. D'inis Jim Curly as *Duleek* dom gur cheap sé go mb'fhéidir go raibh sé gar d'áit a bhfuil 'Mell' air, go raibh teach ansin a raibh *Ballsgrove* air le daoine darbh ainm *Grove*, go raibh daoine darbh ainm *Ball* ann freisin.

⁷⁴ Cláraíodh an tagairt seo ar TS *logainm.ie* 2010.

(Inq Lag, Car I 127, Car II 3), ach is sloinne neamhchoitianta in Éirinn é, de réir MacLysaght (1985 [1964]:138).⁷⁵

Is ón Sean-Bhéarla *Gráf* ‘grove, thicket’, atá an eilimint *Grove* díorthaithe (Ekwall 1936:197), agus roinnt fianaise le fáil uirthi sna foinsí Luath-Bhéarla agus Meán-Bhéarla.⁷⁶ Faightear *Grove* ‘grove, copse’ mar logainm in *Pembrokeshire* na Breataine Bige chomh maith (Charles 1992:778). D’fheidhmigh *Grove* mar shloinne i Sasana le fada an lá (Reaney & Wilson 1958:158).⁷⁷

Tá beagán fianaise ann mar sin, gur fheidhmigh an eilimint *Grove* in Éirinn mar logainm agus mar shloinne ón 13ú haois i leith, cé nach bhfeictear an logainm *Grove Island* i gcáipéisí oifigiúla go dtí an 19ú haois. D’fhéadfadh sé gurb é an *William Grove of Rathouth* thuasluaite, nó duine muinteartha leis, ba chúis le hainmniú an oileáin sa 16ú haois (nó ina diaidh), ach níor frítheadh aon fhianaise ar an logainm roimh an 19ú haois. Ar ndóigh bheifí ag súil leis an mír shealbhach **Grove’s Island* dá mba rud é gur díorthaithe ón sloinne a bheadh an logainm, féach Caibidil 4.

Tá *Grove Island*/ Oileán an Gharráin amháin eile sa tír i bparóiste Phádraig, Cathair Luimnigh. Tá nóta tagartha le fáil ar *logainm.ie* 2009, ag rá gur ‘aistriúchán í an fhoirm Ghaeilge’.

⁷⁵ ‘an English locative name associated mainly with Co. Cork since the seventeenth century’ (MacLysaght [1957] 1985:138). Níl an sloinne ag Woulfe 1923.

⁷⁶ Féach: ‘*Langraue* (DB), *La Graue* 1197, *Grava* 1222, *La Graue* 1188, *Grove* 1316, *Graue* (DB) *Graua* 1194 *Pipe Rolls*. OE Gráf ‘grove thicket’ [DB *_Domesday Book*] (*op cit*:197). Seo a leanas samplaí luath de: ‘*Groua/ Groue/Grove*’ agus é ag feidhmiú mar shloinne: *Ralph de Graua* 1119-27 AD, *Osbert de la Graua* 1197, *John de la Grove* 1275, *Robert ate Groue* 1317, *William Grove* 1327 ‘dweller by the grove’ < OE gráf (*ibid*).

⁷⁷ Féach freisin go bhfuil teacht ar dhá admháil de chuid *Hugh Grove, Bury St Edmunds* (CSPI 1642-1659:76) agus taifead iontu gur bhronn sé £100 ‘for the support of the Parliamentary cause in Ireland ...’ (*ibid*:v). Tugadh talamh dósan i bPort Lairge sa bhliain 1659 (*ibid*:352).

Barúntacht: Damh Liag Íochtarach
[21] OLDBRIDGE⁷⁸

Paróiste: Donore

***An Seandroichead** (neamhdheimhnithe *logainm.ie* 2009, rogha an taighdeora 2014)

1)	1306	Veterem Pontem	713 Tax. D. M.CDI 1302-1307: 253-4
2)	1380	Oldebrygge	Rot Pat 108, 35 ⁷⁹ (TS <i>logainm.ie</i>)
3)	1535	Old Byroe Old Byrch	Hen VIII CI 1991:40 ⁸⁰
4)	1540	Oldbryge	IMP:216 ⁸¹ TS <i>logainm.ie</i>
5)	1541	Oldbrige Oldbrigge	IFTS i (Hen VIII):31 F254 (TS <i>logainm.ie</i>)
6)	1551	Old brige Oldebrige	<i>ibid</i> (Ed VI): 170-71 F779 ⁸² (TS <i>logainm.ie</i>)
7)	1566	Oldbrige	<i>ibid</i> : 100, F889 (TS <i>logainm.ie</i>)
8)	1605	Ouldebridge	CPR 67b TS <i>logainm.ie</i>
9)	1605	Oldbridge	CPR 68a TS <i>logainm.ie</i>
10)	1612	Oldbridge	CPR 230a TS <i>logainmie</i>
11)	1620	Oldbridge	CPR 462a TS <i>logainm. ie</i>
12)	1628	Oldbridge	Car I 40 Inq Lag (TS <i>logainm.ie</i>)
13)	1654-56	Oldbridge Ouldbridge	CS:13,14, 49 14
14)	1659	Ould Bridy	Census:480
15)	1777 corrected to 1783	Oldbridge	T&S:41
16)	1809 ⁸³	'un a' tSeandroichid	Laoide 1914: 11, I, líne 4

⁷⁸ Níl an áit seo luaite ar aon liosta áiteanna de chuid an DS, ná níl sé marcáilte ar ls an HD, ná ar ls an BN (Goblet 1932).

⁷⁹ Seo comhthéacs na tagartha: '... 2 gurgitib apd le Oldebrygge...?'

⁸⁰ Seo an chuid ábhartha den téacs: '... The following keep hounds, though not having land to the value of 40s p.a. contrary to statute:... William Counter of Old Byroe... Each of them has taken 20 hares & 24 rabbits from Christmas 1531 to Easter 1535. Thomas Countor of Old Byrch, ... have stopped up the fish pass in the Boyne called the Kynges Sharde or Harde since 12 Jan 1533' (*op cit*).

⁸¹ Aistríodh an cháipéis seo ón Laidin (*op cit*:iv).

⁸² Seo liosta na n-áiteanna ábhartha mar atá siad scríofa sa bh*Fiant*: 'Old brige Shephows Rathmolin Stalyng Donore ... Knockmothen Rossenry Gilton Radrenoth Cullyn Starinoghe Oldebrige Crucerathe Donore Donore Knockamothén Rossenry' (*op cit*).

⁸³ Is sa bhliain 1809 a chualthas *Ua Cerbhalláin* ag canadh an amhráin 'Bónaigh ón Fhrainc' féach: 'Micheál Ua Cerbhalláin cct. ar an 6mhadh lá fíchead de Mhí Ghionbhair, sa mbl. 1809' (Laoide 1914:

17)	[1812]	Old Bridge	Co Map:AL TT <i>logainm.ie</i>
18)	1824	Old Bridge	HCSV:AL TT <i>logainm.ie</i>
19)	c1830	Old Bridge	BS:AL TT <i>logainm.ie</i>
20)	1838	Sean droichet	OD:AL
		Sean droichet	Peann luaidhe <i>logainm.ie</i>
		‘old bridge’	
21)	? 1836	Old Bridge	GJ Rates (Old Docket):AL TT <i>logainm.ie</i>
22)	1836	Old Bridge	Proprieter (Coddington) AL (TT <i>logainm.ie</i>)
23)	1830-40	Old Bridge	JOD:AL
24)	1835/6 revised 1899	Oldbridge	Is SO
25)	27/11/69 18/7/78	An Seandroichead	S mac an Tánaiste [An] Gúm <i>logainm.ie</i> Nóta: Féach billeog fianaise 18/4/89 (<i>logainm.ie</i>)
26)	13/4/89	An Seandroichead	NÓM
27)	2010	'oLd'bridz	fogharscríobh, Paddy Lenihan

Is i bparóiste *Donore* i mbarúntacht Dhamh Liag Íochtarach i gContae na Mí atá an baile fearainn *Oldbridge*. Logainm dhá mhíre atá ann *O[u]ld[e]* agus *bry[g]ge/ byrch/ bri[g]ge/ bridge/ bridy*. Is í an tagairt is luaithe don áit a frítheadh don staidéar seo, ná *Veterem Pontem* (1) a scríobhadh sa bhliain 1306 i gcáipéis Laidine - ach ar ndóigh, ní fios cén leas a baineadh as an leagan sin i ngnás labhartha na bpobal éagsúla ag tús na 14ú haoise. Maidir leis na tagairtí (2) - (7), ba i mBéarla a scríobhadh iadsan, fiú agus iad le fáil i gcáipéisí Laidine. Seachas an tagairt Laidine thuasluaite agus an leagan a bailíodh don *Census* sa bhliain 1659 - *Ould Bridy* (17), níor athraigh an logainm ón mbliain 1380 go dáta, ach amháin sa litriú. Taispeánann na foirmeacha *Ouldebridge* (8) agus *Ould Bridy* (17) go mbíodh défhoghar ag tús na chéad eiliminte sa chaint, ní nach bhfuil imithe ar fad as canúintí éagsúla an Bhéarla.

Is é *A' tSeandroichid* (gin) (16) an leagan stairiúil Gaeilge is sine a bailíodh don staidéar seo. Rinneadh an t-amhrán as a dtagann sé sa dara leath den 18ú haois nó ag tús na 19ú haoise é, le linn shaol Napoleon. Is as an amhrán ‘Bónaigh ón Fhrainc’ a

11). Rugadh *Napoleon Bonaparte* sa bhliain 1769. Cailleadh in 1821 é. Bhí sé tar éis a bheith gníomhach san Ostair, sa Rúis, san Éigipt, i Sasana, san Iodáil, sa Pholainn, sa Spáinn agus sa Phortaingéil faoi 1809.

thagann sé, agus Micheál Ua Cerbhalláin á chanadh ‘ar an 6mhadh lá fichead de Mhí Ghionbhair, sa mbl. 1809’ (Laoide 1914: 11) féach:

’Nois a chlanna Mílidh,’bhfuil dúil agaibh re faoiseamh,
No an mian libh fagháil sgaoilte ar gach dócamhal.
A raibh sibh ann ag Goill ó tháinig siad air tuinn
’Un a’ tSeandroichid a thiomsughadh an fhogmhair? (16)

Is í an Ghaeilge *Sean droichet* (20) - gan an t-alt - a chuir Ó Donnabháin ar an logainm níos deireanaí. Leasaigh lucht na SO struchtúr an leagain sin, ag cur an ailt roimhe arís, féach *An Seandroichead* (25) san fhichú haois.

Ciallaíonn an eilimint OLD ‘sean’, agus is eilimint choitianta i logainmneacha Laighean í, in áiteanna a lonnaigh na hAngla-Normannaigh. Is cosúil gur tugadh isteach an eilimint OLD leis an gcoilíniú, ós rud é go bhfuil SEAN le fáil go minic i logainmneacha na tíre freisin (O’ Conor 2002:132,133).⁸⁴ Ar ndóigh, is eilimint choitianta sa Bhreatain í OLD, cé nach bhfaightear nasctha le BRIDGE thall ansin í, mar a fhaightear in Éirinn (Reaney & Wilson 1958:255).⁸⁵ Mar sin, d’fhéadfadh sé gur aistriúchán ón nGaeilge atá sa logainm seo – má thoirmeáiltear go mb’fhéidir go raibh Gaeilge ag na coilínigh faoin am a scríobhadh *Oldebrygge* (2) i gcáipéis Laidine sa bhliain 1380 den chéad uair, ní nach bhfuil neamhdhóchúil.

Tá teacht ar *Oldbridge* eile i mbarúntacht *Ballincor North*, i gCill Mhantáin freisin, agus de réir Price:

Oldbridge may indicate approximately where one of the old pilgrimage roads to Glendalough crossed the river that runs out of Lough Dan (1945:35).

Tá bailte fearainn a bhfuil *Oldbridge* orthu le fáil i bParóiste Mhuire/ *St Mary’s*, i mbarúntacht Ghleann na hUidhre/ *Glenahiry* i dTiobraid Árann agus rinneadh ainm sráide de *Oldbridge* i nDún Dealgan i gContae Lú. Is é *An Seandroichead* atá deimhnithe mar logainm Gaeilge ar an mbaile fearainn *Oldbridge* i dTiobraid Árann de réir na Suirbhéireachta Ordanáis (*logainm.ie* 2009).

⁸⁴ Taispeánann léarscáil O’Conor dáileadh na heiliminte SEAN i logainmneacha na tíre (*op cit*).

⁸⁵ Féach na foirmeacha *old, olds, ould, oulds* > *ealda* [Sean-Bhéarla]. Tá teacht ar logainmneacha sa Bhreatain ina bhfuil an eilimint OLD ag cáiliú *acre, field, ham, know, land, man* agus *royd* (*op cit*).

[22] RATHMULLAN⁸⁶*Ráth Maoláin (ainm neamhdheimhnithe *logainm.ie* 2010, rogha an taighdeora 2014)

1)	1177-78	Raithmolan	CDI 1171- 1251:9, 50
2)	1297	Rathmol[an]	CJR 1295-1303:106
3)	1253	Rathmolan	CDI 1252- 1284:26, 171 ⁸⁷
4)	1306	Rathmola'	713 Tax. D. M. CDI 1302-1307:253
5)	1312	[Adam de] Rathmolan	CJR 1308 - 1314:240
6)	1537	Rathmolan	H VIII 97/117 CI 1991:53-54 ⁸⁸
7)	1541	Rathmolane	IFTS i (Hen VIII):30-1 F254
8)	1546	Rathmolan	H VIII 193/56 CI 1991:110 ⁸⁹
9)	1551	Rathmolin	IFTS i (Ed VI): 170-71 F779
10)	1628	Rathmollane	Car I 40 Inq Lag
11)	1654-56	Rathmulan	CS 13
		Rathmullin	14
		Rathmullen X 4	14 [X 3], 49
12)	1659	Ramulan	Census :480
13)	[1812]	Rathmullin	Co. Map:AL <i>logainm.ie</i> 2009
14)	1824	Ratmullin	HCSV 1000:AL <i>logainm.ie</i> 2009
15)	1835/6 revised 1899	Rathmidlop	Is SO.
16)	1836	Rathmullin	BS:AL <i>logainm.ie</i>
17)	1836	Ratmullin	GJ Rates (Old Docket):AL
18)	1836	Rathmullin	Proprieter (Codington):AL <i>logainm.ie</i>
19)	1836	Rathmullan	JOD:AL <i>logainm.ie</i>

⁸⁶ Níl *Rathmullan* luaite in SRPI Ed IV ná in innéacs an DS. Luann Goblet 'R.mullian P R.mullian [EM]', (1932:339 [BN]) [= ?*Moyfenrath Lower/ Maigh Fionnráithe Íochtarach*]. Níl an nod le haghaidh 'P' scaoilte ag an eagarthóir. Is 'par.' atá aige le haghaidh 'parish'. Is cosúil nár marcáladh aon fhoirm den *logainm* ar HD (*op cit*).

⁸⁷ Seo blúire den téacs: 'King Henry II confirms to the Abbot and monks of Mellifont the gift made to them by K H II of their abbey and of the following granges &c ... Rathmolan, Finavir, Thaghlyunny, Rosmaring', Cuillin, Cnogvam', Kelkalma, Thuelag' hnacornair, Collon, Kechork and Fynnavir ...' (*op cit*).

⁸⁸ Is cosúil nach raibh cead ag daoine iasc a mharú, féach 'The following have netted salmon on the Boyne contrary to statute:-...Thomas Marle of Rathmolan...' (*op cit*).

⁸⁹ 'George, archbishop of Armagh ...had a procuration from the ... rectories belonging to the hospital of St John of Jerusalem ... Rathmolan' (*op cit*).

20)	1836	[Rathmullan Ho]	Desc.Rem.:AL
21)	1836	Rath maolan	AL:peannluaidhe + dúch ⁹⁰
		Rath maolan	?OD:‘rath of Moylan, a man’s name’ TS 2 <i>logainm.ie</i> 2009
22)	3/3/77	Ráth Maoláin	R/Aist TS <i>logainm.ie</i> 2009
23)	4/2/86	Ráth Maoláin	NÓM TS 2 <i>logainm.ie</i> 2009
24)	2010	,rað'mulən	fogharscríobh (forleathan)

Is baile fearainn é *Rathmullan*, a bhfuil fianaise sheandálaíoch ar lonnaíocht le fáil ann ón aois Neoiliteach (8000 RC – 5000 RC) agus ón gCré-umhaois luath (féach Caibidil 1, 3). Is i bparóiste *Donore* i mbarúntacht Dhamh Liag Íochtarach i gContae na Mí atá sé. Tá dhá mhír sa logainm - *ráth* agus *mullan* agus tá siad faoi struchtúr na Gaeilge, mar atá an baile fearainn *Rathdrinagh* [83] i bparóiste *Knockcommon*.

Bheifí ag súil le hainmfhocal Gaeilge sa tuiséal ginideach mar cháilitheoir ar an eilimint RÁTH, ach is deacair cinneadh a dhéanamh maidir le bunús *-mullan* de bharr ganntanas fhoirmeacha Gaeilge agus de bharr chomh caol tanaí is atá an éagsúlacht i bhfoirmeacha stairiúla Galldaithe an logainm a aimsíodh. Scríobhadh an fhoirm is luaithe a bailíodh *-molan* (1) - ón 12ú haois go dtí an 16ú haois, féach (3) - (6), (8), Bailíodh an fhoirm *-molin* (9) as cáipéis de chuid na 16ú haoise. Scríobhadh *-mollane* (10), *-mulan* (11), (12), *-mullin* (11) agus *-mullen* (11) sa 17ú haois. Is sa 19ú haois a scríobhadh na foirmeacha *-mullin* (13), (14), (16) - (18) agus *-mullan* (19), (20). Is foirm an-leithleasach í *-midlop* (15) atá an-chorr le hais na bhfoirmeacha eile agus an chuma uirthi gur scríobhadh go hearráideach í.

Níor frítheadh aon tagairt Ghaeilge stairiúil don logainm níos luaithe ná an bhliain 1836 - mhol ?Ó Donnabháin an t-ainm fir *Maolan* mar cháilitheoir ar RÁTH, féach *Rath maolan* (21); mhol Rannóg an Aistriúcháin an leagan *Ráth Maoláin* (21) sa bhliain 1977 agus thacaigh NÓM na Suirbhéireachta Ordanáis leis an gcinneadh sin sa bhliain 1986 (22).

I gcás *molan/ mola' / mollane / mullen/ mullin*

- (i) Ní fios an /m/ nó /m'/ atá i dtúsleitir an cháilitheora #M- mar atá sna foirmeacha éagsúla liostaithe thuas.

⁹⁰ Ní hé ÓD a scríobh an fhoirm seo den logainm de réir nóta atá ar *logainm.ie* (2013). Ní luann O’Conor *Rathmullan* in OSL, cé go ndeir sé: *Donore P^h* is called dún úabhair (*op cit*:137).

- (ii) Ní fios céard é guta an chéad tsiolla. Ón bhfianaise luath, is cosúil gur /u/ atá ann, atá comharthaithe leis na litreacha *o* sna cáipéisí Laidine, nó *u* sna caipéisí Béarla. Scríobhadh *ao* i leagan Gaeilge na 19ú haoise (21).
- (iii) Ní fios ar /L/ [l leathan] nó /l/ [l caol] atá i lár na heiliminte, atá comharthaithe -l- ón 12ú go dtí an 14ú haois, -l- agus -ll- sa 16ú haois agus sa 17ú haois, agus -ll- arís ina dhiaidh sin sa 19ú haois. An bhféadfaí glacadh leis gur /L/ atá ann ós rud é go bhfuil -ll- sa logainm ón 16ú haois i leith?
- (iv) Glactar leis anseo, gur siolla neamh-aiceanta a bheadh sna samplaí a bhfuil -an/ -en/ -in iontu sa siolla deiridh, de bharr éagsúlacht an ghuta. Ach faightear -ane i -molane (7) sa bhliain 1541 agus -mollane (10) sa bhliain 1628 freisin, a bhfuil an chosúlacht orthu go gcríochnaíonn siadsan i siolla aiceanta.
- (v) Ní fios cé le haghaidh a seasann an uaschamóg ar shiolla deiridh na heiliminte in *mola*' (1) a scríobhadh sa bhliain 1306.

Is léir nach bhfuil a dhóthain eolais caomhnaithe san fhianaise a bailíodh, le bunús Gaeilge na dara heiliminte a chinntiú. Mar sin caithfear breathnú ar cháilitheoirí logainmneacha eile cosúla, le hiarracht léargas a fháil ar an logainm, trí analach a dhéanamh leosan. Tá leaganacha de *mullan/ mullen/ mullin/ malin* le fáil mar cháilitheoirí ar *Rathmullan* i gContae Lú, ar *Rathmullan* i gContae an Dúin agus ar *Rathmullen* i gContae Shligigh, agus mar cháilitheoirí ar logainmneacha eile, a leithéid *Stamullen, Culmullen, Lismullin* i gContae na Mí, *Lismalin* i dTiobraid Árann, *Glasmullan* i nDún na nGall, *Glasmullen* in Aontroim agus *Kilsmullan* san Fhear Manach (*logainm.ie*). Orthu seo, tá réimse eilimintí Gaeilge molta mar cháilitheoirí ar na logainmneacha thuasluaite, nach bhfuil aon ghaol acu lena chéile, a d'fhéadfadh freagairt do na heilimintí *mullan/ mullen/ mullin*, agus don leagan stairiúil *molyn*. Mar sin, breathnófar orthu go haicearrach thíos.

Tá an litriú céanna Béarla ar *Rathmullan*, Contae Lú agus atá ar an *Rathmullan*, paróiste Dhún Uabhair, an logainm atá á fhiosrú anseo, agus is é *Ráth Maoláin* (22), (23) atá molta mar leagan Gaeilge dóibh araon de réir *logainm.ie*.⁹¹ Tá *Maelán* 'a blunt or flat hillock' (DIL) luaite, chomh maith leis an ainm *Maelán* (CGH) chun tacú le rogha na foirme Gaeilge neamhdheimhnithe do *Rathmullan* na Mí (TS 2 *logainm.ie* 2013). Is ó dheas den Bhóinn atá *Rathmullan* agus tá imlínte airde de 20 agus 30

⁹¹ Is leagan Gaeilge deimhnithe é *Ráth Maoláin* i gcás *Rathmullan* Contae Lú.

méadar ag dul trí *Rathmullan* agus iad comhthreomhar leis an mBóinn, sula n-ardaíonn an talamh go 45 méadar (Is SO 43, 4ú eagrán 2010). Tá an imlíne de 45 méadar iata, ar shlí a léiríonn cnoc maol. Tá go leor tógála déanta trasna an mhaoláin, agus níos faide ó dheas den tógáil, tá imlínte airde de 40 agus 50 méadar marcáilte ar an léarscáil (*ibid*). Tá Dola Phlása/ *Toll Plaza* an M1 tógtha ó dheas agus tá maolán eile comharthaithe le himlíne airde de 65 méadar ó dheas arís den Dola Phlása. Mar sin, is féidir dhá mhaolán a fheiceáil i *Rathmullen* agus b'fhéidir gurb iad na maoláin sin is cúis le rogha cháilitheoir an logainm. Is cosúil go raibh ráth ar an taobh thiar den bhaile fearainn, mar thaifead lucht na Suirbhéireachta Ordanáis go raibh

Rathmullin Ho[use] and Whitehall in this townland
and fort on west side of townland (21).

sa 19ú haois.

Mhol Flanagan & Flanagan an eilimint MUILEANN i gcás dara heiliminte *Rathmullan*/ Ráth Mhuilinn i gContae an Dúin, agus i gcás cháilitheora *Rathmullen*/ Ráth an Mhuilinn i Sligeach. Is cosúil gur moladh an eilimint MUILEANN i gContae an Dúin, toisc gur frítheadh 'motte like structure' ar sheansuíomh dúchasach Gaelach agus gur frítheadh

2 hearths ... in deposits dating to about AD 1200, each of which
was laid on a millstone (Flanagan & Flanagan 1994:123, 135, 249).

Tá an chosúlacht air gur moladh MUILEANN i gcás *Rathmullen* i gContae Shligigh ar analach le *Carrick rathmullan*, baile fearainn atá ó dheas de. Cuireadh síos ar *Carrickrathmullin* san OSNB mar a leanas:

rock of the rath of the mill, called from a fort in the townland,
it is rocky ground OSNB ('3 old forts', níl tada ráite faoi
muileann) TS *logainm.ie* 2009).

Mar sin, i gcás *Rathmullan* sa Dún, is cosúil gur ar fhianaise sheandálaíoch a bunaíodh rogha na heiliminte MUILEANN agus i gcás *Rathmullen* i Sligeach, roghnaíodh MUILEANN ar mholadh Uí Donnabháin in ainmleabhar na SO, cé nach bhfuil a fhios an raibh muileann san áit, nó nach raibh.

Maidir le *Stamullen*, baile fearainn eile i gContae na Mí, tá

Máel-aithgen June 6th of Tech Maolaithegen,

Martyrology of Donegal (FO:432), luaite in innéacs ainmneacha na ndaoine (FO:432), chomh maith le *Tech Máil*(*aithgin*) atá luaite in innéacs na logainmneacha (FO:144). Tá *Máel Aithchen* luaite in innéacs *Mart Tall* freisin.⁹² Ach ní dócha gur duine eaglasta nó naomh a bheadh i gceist le cáilitheoir *Rathmullan*, mar bhí an eilimint RÁTH le fáil i logainmneacha roimh ré na Críostaíochta, de réir na litríochta (ní nach bhfuil fíor i gcás na heiliminte TEACH, féach Caibidil 3, 3.4).

Tá foirm stairiúil den logainm Rathmaolan/ *Rathmullan*, Dún na nGall, le fáil in ARÉ, féach *Rathmaolain* 1516, 1588 agus 1595 (ARÉ vii:100). Feictear leagan den cháilitheoir *Maolán* i logainm i gContae na Gaillimhe - tugtar Lios Maoláin ar *Lismoylan* agus tá *Leitir Mealláin* i gConamara i gContae na Gaillimhe. Ba den seachtú glúin de shíol Ír mhic Míleadh é *Meallán* de réir Mac Fhirbhisigh (LMG ii:467, 553.16). Níl Maolán luaite san fhoinsé sin, cé go bhfuil *Maoilín* luaite.

Maidir le *Culmullen*, tá cúpla tagairt Ghaeilge don bhaile fearainn sin le fáil ar *logainm.ie*: is iad sin *cúil máoilín*, a bhfuil an dáta 1821 luaite leis,⁹³ chomh maith le *Cúil Mhaoilín* (TS 2 *logainm.ie*).⁹⁴

Maidir le *Lismullin* na Mí, tá tagairt ón mbliain 1547 do

a mill and lands in Lismullen (F Ed VI 18, *logainm.ie*)

agus bhreac ‘Fiachra’ nóta ar shuíomh na Suirbhéireachta Ordanáis chun aird a tharraingt ar an leagan Gaeilge *Lios Ó Maoláin* (Onom [Goed] 493b, TS 1 *logainm.ie* 2010).⁹⁵

⁹² Seo samplaí ó lámhscríbhinní éagsúla mar atá tugtha in eagrán Stokes (1905) de FO: *mael aithchen* R1. [= Rawlinson B 505, 15ú haois, féach FO xxi], *maelaithgin* Laud 610 [scríofa roimh 1453 AD, féach FO xiv], *moelaithgen* [Lebar Brecc scríofa sa 14ú haois, féach FO xvi], *maelaithchen* Franciscan Ms [scríofa ag an scríobaire *Ruaidhri hua Luinín roimh 1470* (féach FO xiii)]. Tá tagairt do *Máel Aithchen from Tech Máel Aithgen in Coirpre húa Cíarda or in Magh Loch in West Bregia* in innéacs *Mart Tall*:252 agus luadh na foinsí *Féilire Gorman* agus *Donegal* leis, (féach *Mart Gor*:111, June 6, fonóta 3; Féach freisin TS 3 *logainm.ie* 2010).

⁹³ Sheol Tomás Ó Concheanainn litir (11/5/66) isteach chuig Oifig na Logainmneacha maidir leis an bhfoirm thuasluaite a d’aimsigh sé i lámhscríbhinn de chuid Eoin Ó Fionnagáin a scríobhadh sa bhliain 1821. Tá an t-eolas seo le fáil ar shuíomh na SO (TS 1 *logainm.ie*).

⁹⁴ *Culmolyn in Meath, Gor. 7b* [= CGR:10 f. 7 d]. Féach freisin *Coulmolyn* (*ibid*:171, f.220 d, 172 f.220 d).

⁹⁵ Maidir leis na leaganacha Gaeilge a mhol an SO do logainmneacha cosúla, faightear (i) *Lissywollen/ Lios Uí Mhulláin* ar áit san Iarmhí agus luaitear *Glasmulan* DG, *Glas mullen* in Ao, agus *Kilsmullan* FM ar *logainm.ie* (2010), nár moladh aon leagan Gaeilge dóibh go fóill. (ii) Tugtar *Lios Molling* ar *Lismalin(e)* i dTÁ de réir na SO (NÓM 15/9/89 TS 1 *logainm.ie*.) Tuigtear uaidh seo go bhféadfadh *lios* a bheith ag naomh, ós rud é go mbaintear leas as ‘mo’ mar ghlaoch cheanúil ar naomh. Féach freisin *Kilmalin/ Cill Moiling* i gCill Mhantáin (*logainm.ie* 2010) - ar ndóigh, níl deacracht ar bith leis an struchtúr CILL + AINM NAOIMH. D’aimsigh seandálaithe fianaise lonnaithe *Lismullin* ón gCré-umhaois dhéanach/ Iarannaois d’imfhálú deasghnách [*ritual enclosure*, ciorclach] a bhféadfaí nasc éigin a bheith ag an áit le

Luafar *Lismullane*/ Lios Mothlái n i Luimneach anseo, mar go bhfuil foirm stairiúil inchomparáideach ann, ina gcríochnaíonn an siolla deireannach in *-ane* freisin, féach *Rathmollane* (7), (10). Mínítear cáilitheoir *Lismullane*/ Lios Mothlái n mar a leanas ar shuíomh na Suirbhéireachta Ordanáis:

foirm dhíspeagach de Mothla nó foirm chiorraithe de Mothalachán féach CGH (*logainm.ie* 2010).

Is léir, nuair nach bhfuil a dhóthain éagsúlachta sna foirmeacha a bhfuil teacht orthu, nach leor fianaise theangeolaíoch amháin chun teacht ar bhunleaganacha Gaeilge do na cáilitheoirí éagsúla, nuair atá *muileann*, (an chéad siolla aiceanta + *l* caol), **Maolán*/ *Maoilín* (an chéad siolla aiceanta + *l* leathan + béim tháinisteach ar *-án*/ *-ín*), **Mothlán* (foirm dhíspeagtha de *Mothla* nó foirm chiorraithe de *Mothalachán*) á moladh mar leaganacha Gaeilge ar an logainm a bhfuil an fhianaise *molan*/ *mola'*/ *mollane*/ *mulin*/ *mullen*/ *mul(l)an* aige, gan trácht ar fhoirmeacha comhaimseartha na logainmneacha eile cosúla thuasluaite *mullan*/ *mullen*/ *moylan*/ *mullin*/ *mullane*. Go hachomair, is mar seo atá na leaganacha éagsúla de *mullan*/ *mullen*/ *mullin* comharthaithe sa Ghaeilge, bídis deimhnithe nó neamhdheimhnithe ag an Suirbhéireacht Ordanáis:

mullan > muileann, *Rathmullan*/ Ráth Muilinn, D

mullen > muileann, *Rathmullen*/ Ráth an Mhuilinn, S

mullin > muileann, *Lismullin*/ Lios Muilinn, Mí

mullen > *Maolán > Máel-aithgen/ Máel Aithchen, *Stamullen*

(>?Tech Maolaithgen/ Tech Máil(aithgin), Mí

mullen > Máoilín/ Muilin, *Culmullen*, Mí

mullane > Mothlán, *Lismullane*, L

mullan > Meallán, Leitir Mealláin (Conamara)

B'fhiú a rá anseo i gcás *Lismoylan*/ Lios Maoláin, Contae na Gaillimhe, go mba é *Maolán a roghnaíodh freisin, agus *maolan* [+ gin] atá i gcáilitheoir *Lettermoylan* i gContae an Chláir - ar ndóigh tá leagan stairiúil Gaeilge le fáil in ARÉ de *Lettermoylan*

Ráth Lugh atá suite ar bharr aille ina ghaobhar (2003: www.nra.ie/News/DownloadableDocumentation/file.10025.en.pdf). Féach freisin an tuairisc iomlán, 2009: www.m3Motorway.ie/Archaeology/Section2/lismullin1/file.16727.2n.pdf.

(ARÉ 6:1960) a thacaíonn leis an bhfoirm seo.⁹⁶

Frítheadh samplaí den cháilitheoir *maoláin* in ARÉ, féach

1516 Ráth-maoláin [DG] (1516 ARÉ 5: 1334)

1588 ráith mhaolain [DG] (1588 ARÉ 6: 1972)

Seasann *-ane#* don iarmhír dhíspeagtha *-án* i bhfoirmeacha Galldaithe logainmneacha de ghnáth. Mar sin, tharlódh go bhfeilfeadh **Ráth Maoláin* mar fhoirm athchruthaithe Gaeilge de *Rathmollane* (7), (10), ag cur san áireamh gur /a/ seachas /a:/ a deirtear i gcanúint Uladh. Ní mé arbh shin a bhí i gceist ag Rannóg an Aistriúcháin agus ag NÓM nuair a chuireadar an leagan Gaeilge *Ráth Maoláin* (22), (23) chun cinn san fhichiú haois.

Tá *Rathmullan* ar bhaile fearainn i gContae Lú, ar bhaile i nDún na nGall agus tá *Rathmullan and Ballyboe* ar bhaile fearainn i nDún na nGall go comhaimseartha.

⁹⁶ Is mar ‘leitir maolain i tuathmumhain’ a scríobhadh sa bhliain 1595 é (*op cit*).

[23] SHEEPHOUSE⁹⁷

Ní logainm Gaeilge é seo (2014).

*Síópús (ainm neamhdheimhniú 2009 *logainm.ie*)

*Áit na gCaorach (aistriúchán ar fheidhm na háite, moladh an taighdeora 2014)

1)	1540-1	Shephowse	IMP:216 (TS <i>logainm.ie</i>)
2)	1541	Shepehouse	IFTS i (HenVIII):30-1 F254 (TS <i>logainm.ie</i>)
3)	1551	Shepewows	<i>ibid</i> (Ed VI): 170-71 F779 (TS <i>logainm.ie</i>)
4)	1566	Shepewowse	IFTS ii (Eliz):100 F889 (TS <i>logainm.ie</i>)
5)	1570-71	Shepehouse ⁹⁸	<i>ibid</i> :235 F1751 (TS 2 <i>logainm.ie</i>)
6)	1603	Sheephouse	CPR 462 a
7)	1605	Sheepehouse	CPR 68a TS 2 <i>logainm.ie</i>
8)	1612	Sheepehouse	CPR 230a TS 2 <i>logainm.ie</i>
9)	1628	Sheepehouse	Car I 40 Inq Lag (TS <i>logainm.ie</i>)
10)	1654-1656	Sheepehouse	CS 13,14, 49
		Sheepe house	15
12)	1659	Sheepe house	Census 480 (TS <i>logainm.ie</i>) ⁹⁹
13)	1777	Sheepehouse	T&S 41 (TS 2 <i>logainm.ie</i>)
		corrected to	
		1783	
14)	1812	Sheephouse	Is Larkin TS <i>logainm.ie</i>
15)	[1812]	Sheephouse	Co Map:AL <i>logainm.ie</i>
16)	1824	Sheephouse	HCSV:AL TT <i>logainm.ie</i>
17)	c1830	Sheep House	BS:AL TS <i>logainm.ie</i>
18)	1835/6	Sheep Ho	Is SO
		revised 1899	
19)	1836	Sheephouse	Proprieter (Coddington):AL TT <i>logainm.ie</i> ¹⁰⁰
20)	1836	Síopas x 2	dúch/ pl OD:AL TS/ TT <i>logainm.ie</i>

⁹⁷ Níl an logainm seo le fáil in innéacs an DS. Níl sé i measc na logainmneacha a chruinnigh Goblet ó HD ná ó BN (Goblet 1932).

⁹⁸ Luaitear Contae Lú leis an bpardún seo: ‘Pardon to George Russell of *Shepehouse* (op cit).. Luaitear Contae Lú agus Contae na Mí in F 889 (4) sa Tábla, ach is i measc bhailte fearainn atá teorantach le *Shepehouse* a fhaightear an logainm sa cháipéis sin - F 889 (4).

⁹⁹ Sheepe house (TS1 *logainm.ie* 2009), Sheephouse (TS 2 *logainm.ie* 2009 go hearráideach).

¹⁰⁰ Tá an nóta a leanas scríofa ar *logainm.ie* 2009: ‘Ní léir cé scríobh’ (*sic*).

21)	1978	Siopas	Fitzsimons 1978:87
22)	14/10/80	Síópús	SO: R/A [= Rannóg an Aistriúcháin] ¹⁰¹
23)	2010	'jɪ:p'h əus	fogharscríobh, Paddy Lenihan

Is i bparóiste *Dhún Uabhair/ *Donore* i mbarúntacht Dhamh Liag Íochtarach i gContae na Mí atá an baile fearainn *Sheephouse*. Is logainm Béarla de dhá mhír é – *She[e]p[e]* agus *house/ hows[e]*, nár athraigh mórán ón gcéad uair a fuarthas scríofa sa 16ú haois é.

Is minic an eilimint SHEEP a bheith i logainmneacha idir bhailte fearainn¹⁰² agus mhionghnéithe¹⁰³ agus í nasctha le réimse eilimintí éagsúla.

Maidir leis an dara heilmint HOUSE, is eilimint choitianta freisin í, a fheidhmíonn mar cháilitheoir, nó, níos minice mar phríomheilimint i logainmneacha.¹⁰⁴ Tá fianaise ann, go raibh sloinne, a raibh *shep* mar eilimint ann, in Éirinn ag tús na 14ú haoise, féach *William de Shepeye* [AD 1301] (CDI 1293-1301:386, 846).¹⁰⁵

Cé nár frítheadh fianaise ar an logainm *Sheephouse* i bparóiste *Donore* don tráchtas seo ach ón mbliain 1540-1 i leith, tá stair níos faide siar ag an eilimint SHEEP i logainmneacha na Breataine. Tagann sí ón tSean-Bhéarla *Scéap*, *scép*, *scíp*, a bhíonn nascaithe le heilimintí éagsúla i gcóras logainmneacha na tíre sin - nasctar le *cot*, *ford*, *wíc* go coitianta í, agus tá teacht ar fhoirmeacha a thaispeánann tionchar na Lochlannach

¹⁰¹ Tá nóta leis an tagairt seo .i. ‘Féach billeog fianaise 18/4/89’ (TS 1, *op cit*).

¹⁰² Féach na bailte fearainn *Sheepgrange* paróiste Thulaigh Álainn/ *Tullyallen*, barúntacht Fhir Arda/ *Ferrard Lú*; *Sheep Park*, paróiste Theampall Chróine, barúntacht Bhaollaigh DG; *Sheephill*, paróiste Chaisleán Cnucha/ *Castleknock* agus *Sheepmoor*, paróiste Chluain Saileach/ *Clonsilla*, barúntacht Chaisleán Cnucha BÁC (*logainm.ie* 2009).

¹⁰³ Féach na mionghnéithe *Sheep Hole* atá i nGaeltacht Dhún na nGall, *Sheep Rock* atá san fharraige siar ó *Fhínis*, i bparóiste Mhaírois, barúntacht Bhaile na hInse amach ó chósta na Gaillimhe, *Sheepstreet* atá i gcathair Luimnigh, *Sheepbarn Lodge*, sráid i mBÁC, *Sheepland beg/ more* paróiste *Dunsfora* i mbarúntacht Leath Cathail Íochtarach/ *Lecale Lower*, An Dún, *Sheepisland* barúntacht *Middle Third* PL, *Sheepshead*/ Rinn Mhuintir Bháire Co, *Sheep’s head/ Muntervary* ceann tíre i mbarúntacht Chairbrigh Thiar (An Roinn Thiar)/ *Carberry West* agus *Sheep’s Bridge*/ Droichead na gCaorach PL. Tá an mearbhall idir *Ship* agus *Sheep* pléite i gcás *Sheephaven - Cowoghgeragh* [Cuan na gCaorach] a bhfuil samplaí de le fáil in Rawl A 237, ón mbliain 1608) - agus *Ship/ Sheep Street* (Ó Tuathail 1945-47[1948]:174-5, Hughes 1988:73-76). Féach freisin gur phléigh Ó Cearbhaill *Sheep’s Head/ Muntervary*, *Sheep Cove/ Coosna guiragh; Tralange/ Shepestrond, Polenalong/ Shipspoole* (1991-3:33-6).

¹⁰⁴ Féach *Houseland* paróiste *Templetown* barúntacht Shíol Bhroin/ *Shelburne* LG, *Boghose* paróiste Fhionnmhach/ *Fennagh*, barúntacht Uí Dróna Thoir/ *Idrone East* Ce, Bleán Óráin/ *Burnt House* or *Bleanoran* paróiste *Killannin/ Moycullen* G, *Mountland* or *Butterhouse* paróiste *Scurlockstown*, Déise Iochtarach/ *Deece Lower* Mí, *Barrowhouse* paróiste *Tankardstown* barúntacht Bhaile Ádaim/ *Ballyadams* Mí, Lána Theach an Phoic/ *Buckhouse Lane* – sráid atá i nDroichead Átha, Lú (*logainm.ie* 2010).

¹⁰⁵ Tagann an sloinne/ logainm *Shepeye* ó *Shep +eye = Sheppey Island* sa Bhreatain (> *scéap + ég, íeg* ‘oileán’, sa Sean-Bhéarla. (Mills 1991:381).

ar nós *scopwick, skipton, skipwith* i Sasana freisin (Ekwall 1936:388).¹⁰⁶

Ní áiríonn Ekwall HOUSE i measc na n-eilimintí a bhíonn nasctha le SHEEP, ach tá roinnt mhaith cur síos i litriocht na seandálaíochta ar staidéar a rinneadh ar iarsmaí *Sheephouse*[anna] éagsúla atá sa Bhreatain, agus is fiú go mór an tuairisc ar *Sheephouse, Prior Rakes* a bhí suite ar *Malham Moor* thall a cheadú chun cuntas breá a fháil ar ghnónna éagsúla a bhíodh ar bun idir an mhainistir *Bolton Abbey* agus an *sheephouse, Prior Rakes* ón mbliain 1290 go dtí díscáileadh na mainistreacha sa 16ú haois (Raistrick, 1956:93-95), le barúil a fháil ar a mbíodh ar bun i *Sheephouse* Chontae na Mí. Tá fianaise ann ar láithreacha eile, a raibh *Sheephouse* mar chéad-eilimint iontu, ag a raibh na cáilitheoirí *farm, croft, close, Orchard, clay, downs, leaze* acu, ón 13ú haois i leith, i n*Gloustershire, East Sussex* (AD 1486), i *Staffordshire* agus in *Yorkshire*, mar shampla.

Is i gcáipéis fhardal shealúchas na mainistreacha agus an coigistiú i ndán dóibh, a fheictear an chéad shampla de *Sheephouse* mar logainm i bparóiste Dhún Uabhair/ *Donore*. Tá sé dóchúil mar sin, gurb iad na Nua-Ghail a d'ainmnigh *Sheephouse* Dhún Uabhair le linn réimeas Eilíse nó ina dhiaidh, ar analach le háiteanna a bhfuil an eilimint *Sheephouse* iontu i Sasana, féach Caibidil 1, **3.2**.¹⁰⁷ Níor frítheadh fianaise ar cibé logainm eile a bhíodh ar an áit roimh *Sheephouse*, [Dhún Uabhair/ *Donore*], cé go raibh cónaí ann le cianaimsir (AICM:107, §1091).¹⁰⁸

Maidir leis na foirmeacha Gaeilge a cuireadh chun cinn sa 19ú haois agus san 20ú haois, tá an chuma orthusan gur fogharaistriúcháin iad. Tá difear idir an dá fhoirm *Síopas* (20), *Siopas* (21) agus *Síopús* (22) ámh, sa mhéid is go léiríonn (20) agus (21) béim ar chéad siolla an logainm agus is cosúil go léiríonn *Síopús* (22) béim ar dhá shiolla an logainm. B'fhearr leis an taighdeoir seo aistriú seimeantach ar nós **Áit na gCaorach*, ámh (cf. Caibidil 1, **3.2**).

Chomh maith leis an *Sheephouse* atá i bparóiste Dhún Uabhair/ *Donore*, faightear an logainm ar bhailte fearainn i bparóiste an Inbhir Mhóir/ *Arklow*, barúntacht an Inbhir Mhóir, Cill Mhantáin, agus i bparóiste *Mulrankin*, barúntacht *Uí Bhairrche/ Bargy*, Loch Garman. Is contaethe iad sin a bhain leis an nGalltacht go stairiúil, ar ndóigh

¹⁰⁶ Rianaíonn Ekwall stair dhíorthaithe an logainm *Sheepwash* ón Sean-Bhéarla *scéapwaesce* 'a place for washing sheep', arbh i *Sepewas* AD 1178 an fhoirm is luaithe atá cláraithe aige (*op cit*:385).

¹⁰⁷ Níl aon fhoirm Breatnaise ar *Upper Sheephouse /Lower Sheephouse* in *Llanigon, Brecknockshire* sa Bhreatain Bheag. Is cosúil go ndeachaigh an logainm isteach don Bhreatain Bheag ó Shasana, féach Caibidil 1).

¹⁰⁸ Tá roinnt oibre déanta ag seandálaithe ar iarsmaí réamhstairiúla *Sheephouse*, féach Caibidil 1.3

Barúntacht: Damh Liag

Paróiste: Donore

[24] STALEEN¹⁰⁹

*Steach Luíne (ainm neamhdheimhnithe *logainm.ie* 2009)

* **Teach Lithghin** [*Teach Lín] (moladh an taighdeora **2014**)

1)	1253	Thaghlynny	CDI 1252- 1284:26, 171
2)	1306	Staghlyn X 2	713 Tax. D. M. CDI 1302-1307:253-4
3)	1359-60	Stalyn Stagling sup aqua de Boyn	Rot Pat Ed III 79b, 118 <i>ibid</i> 79, 95
4)	1380-81	gurg apd Staghlying	<i>ibid</i> 108, 351
5)	1527	Stalinge Staling	H VIII 35/87 CI 1991:20
6)	1535	Stabyng	H VIII 69/102 <i>ibid</i> : 40
7)	1628	Stalinge	Car I 40 Inq Lag
8)	1654-56	Staleinge Saling	CS 13,14 49
9)	1659	Staling	Census :480
10)	?[1812]	Stallen	Co Map:AL <i>logainm.ie</i>
11)	1824	Stallen	HCSV:AL <i>ibid</i>
12)	1830	Stallen	BS:AL <i>ibid</i>
13)	1835/6 revised 1899	Staleen	Is SO
14)		Stallen	GJ Rates (Old Docket):AL <i>logainm.ie</i>
15)	1836	Stalleen	Proprieter (Coddington): AL <i>ibid</i>
16)	1836	Stalleen	Meresman (Ray):AL <i>ibid</i>
17)	1836	Stalleen	JOD (corr.):AL <i>ibid</i>
18)	1836	Sta-leen Stanlaoín	pl:AL OD:AL, pl <i>ibid</i>
19)	2002	Steach Luíne	SO TS <i>logainm.ie</i>
20)	2010	, stə 'li:n	fogharscríobh, Paddy Lenihan

Is i bparóiste Dhún Uabhair/ *Donore* i mbarúntacht Dhamh Liag Íochtarach i gContae na Mí atá an baile fearainn *Staleen*. Is cosúil gur logainm dhá mhíre é – *Sta-* agus –*leen*. Tagraíodh cheana do STA mar rian fhrása réamhfhoclach reoite (agus an tuairim tugtha

¹⁰⁹ Níl *Staleen* ar Is ná in innéacs an DS.

go bhfuil an eilimint STA déanta den réamhfhocal *i* + sean-alt na Gaeilge sa tuiseal tabharthach + TEACH sa tuiseal tabharthach) agus plé á dhéanamh ar an logainm *Stagreenan* [14].¹¹⁰ Leanann díorthú STA i gcás *Staleen* an pátrún céanna agus a lean *Stagreenan*, sa mhéid is go bhfuil an *-gh#* atá i *Staghgrenan* [14] (a scríobhadh ag tús na 14ú haoise) le fáil ag deireadh na chéad míre i gcás *Staghlyn* (1), (2) freisin. Ba sheoid don taighdeoir seo logainmneacha an réamhshampla *Tachdrenan iuxta Buiyn* a aimsiú a scríobhadh luath sa 13ú haois, mar déanann an fhoirm sin talamh slán de gurb í an eilimint TEACH céad-eilimint *Stagreenan*. Is foirm thábhachtach ón 13ú haois í *Thaghlynny* (1) freisin; tá sí luaite i dtéacs de chuid Anraí II i measc logainmneacha ábhartha an cheantair atá ar dhá thaobh na Bóinne. Féach an t-aistriúchán ón Laidin:

King Henry II confirms to the Abbot and monks of Mellifont the gift made to them by K H II of their abbey and of the following granges &c ... Rathmolán, Finavir, Thaghlynny, Rosmaring', Cuillin, Cnogvam', Kelkalma, Thuelag'’hnacornair, Collon, Kechork and Fynnavir ... (1).

Ní hamháin go dtaispeánann an fhoirm *Thaghlynny* an *-gh#* ag deireadh na príomheiliminte *Thagh-*, ach tá *-y#* scríofa ag deireadh an cháilitheora *-lynny*. Is cosúil le hiarmhír logainmníochta de chuid na Fraince an *-y#* sin, mar tá go leor samplaí eile de le feiceáil i sloinnte na Normannach a scríobhadh sa 12ú haois, agus is mar a chéile a sloinnte agus logainmneacha áirithe atá fós le fáil san Fhrainc inniu .i. *Cigony, Regny, Ropeley, St Valery, Sumery, Trascy* agus *Verly*, féach:

Engelard de Cigony, Mathew de Cigony (CDI 1171-1251:426, 326).
 John de Regny, Thomas de Regny (*ibid*:401, 405, 407, 1223)
 Robert de Ropeley/ Ropelai (*ibid*:264, 371)
 Forminus de St Valery (*ibid*:2777)
 William de Sumery/ David de Sumery (*ibid*:2763)
 Henry de Trascy (*ibid*:949)
 Geoffrey de Verly (*ibid*:2540)

(Déanfar a thuilleadh plé ar an *-y#* arís, nuair a phléifear *Gafney* [38].) Tharlódh go ndearna na Normannaigh a gcuid féin de *Thaghlynny*- tríd an *-y#* sin a chur ag deireadh an

¹¹⁰ Féach freisin *Stameen* [15]. Deir Ó Máille: ‘[It] would appear the ... the French-speaking section of the [new settlers] found it difficult to pronounce the *Thagh-* with the result that they substituted *st-* for *th-* of *Thagh-*, with the result that they substituted *st-* for it’ (1926:160-61) agus luann Ó Máille Skeat mar thaca lena thuairim. Deir Skeat go raibh sé deacair ar na cainteoirí Fraincise *ght* an Mheán-Bhéarla a rá agus gur bhain siad leas as *st-* ina áit siúd in amanna. Pléifear STA i gCaibidil 3, 3.4.

logainm Gaeilge a chualadar.¹¹¹

Feictear an eilimint STAGH ag tús na 14ú haoise san fhoirm *Staghlyn* (2). Is foirm an-spéisiúil í seo ar dhá chúis: (i) caomhnaíonn sí an *-gh#* ag deireadh na chéad eiliminte, agus (ii) tá an *#S-* le feiceáil den chéad uair, a choinneofaí mar STA ón 16ú haois i leith. Ligfí an consan coguasach cuimilteach *-gh#* ag deireadh phríomh-eilimint *Thaghlynny* (1) *Staghlyn* (2) *Staghlyng/ Stagling* (4) i léig am éigin idir 1381 agus an 16ú haois - ní léirítear an *-gh#* scríofa sa sampla *Stalyn* (3) a scríobhadh san aois sin, ná sna samplaí a bailíodh as foinsí éagsúla i ndiaidh na 14ú haoise, féach *Staling(e)* (5), (7), srl atá le fáil sa 16ú haois, *Staleinge/ S(t)aling* (8), (9) a fhaightear i bhfoinsí Béarla de chuid na 17ú haoise, agus is *Stal(l)e(e)n* (10) - (18) a fhaightear sa 19ú haois. Tharlódh gur cuireadh an *-g#* le *Staghlyng/ Stagling* (3) ar analach leis an moirféim choitianta Bhéarla *-ing#*.

Is foirm mhíchruinn í *Stabyng* (6)¹¹² - d'fhéadfadh sé gur meascadh na litreacha arda *b* agus *l* agus tras-scríobh ar bun.

Tá litriú an dá leagan a taifeadadh don CS corr le hais na samplaí eile Béarla a bailíodh - féach *Saling* (6), nach dtagann leo sa phríomh eilimint, agus *Staleinge* (5), atá éagsúil leo sa cháilitheoir.

Baineadh leas as *Telyng/ Telyn/ Teling* srl mar shloinne idir an 13ú haois agus an 16ú haois mar a léiríonn an fhianaise atá caomhnaithe i gcáipéisí éagsúla Laidine. Ní bhíonn *s* léirithe ag tús an tsloinne, féach *Iohanne Telyng* c1220 (ICL:109), *Ph. Telyn* 1271 (CGR:13 f. 8d), *Philip Telyng junior* 1284 (CDI 1252-1284:517, 2241), *Ricardo Thelyng* c1290 agus 1296 (ICL:231-32, 120), *Philippus Teling* c1290 (CGR:182 f.7d), *Richard Telyng* c1300 AD (*ibid*:50 f.59), *Georgio Thelyng* 1316 (ICL:143), *William Telyng* c1318 (CGR:159 f.206), *Nicholas Thelyng* agus *Philip Teling* 1329 (*ibid*:155-6, f.201d - f.202), *Nicholas Telyng* 1330 (*ibid*:155 f.201d), *John, son and heir of George Telynge* 15.. (*sic*) (Archdall 1786:537), *Barnaby Teling/ Thomas Teling* 1493 agus *John Teling* 1493 (SRPI Rich III - Hen VI:123, 151), *Henry Telynge* 1529 agus *Nicholas Telynge of Drogheda* 1535 (H VII 50/89, CI 1991:29 agus H VII 74/108, *ibid*:42). Is in Éirinn amháin a fhaightear an sloinne seo. Is mar *Teeling* atá sé ag MacLysaght a deir:

Teeling Taoilinn. Though not a numerous name it is that of a remarkable landed family ... which ... remained consistently

¹¹¹ Féach freisin *Mullaghfin* [47]. Tugtar samplaí den sloinne *de Molaghfeny* ansin.

¹¹² Seo an téacs as ar tháinig an fhoirm *Stabyng*: 'Hugh Miller of Stabyng & ... have stopped up the fish pass in the Boyne called the Kynges Sharde or Harde since 1533', féach (5) sa Tábla thuas.

Catholic and pro-Irish throughout the centuries. It was established in Co. Meath shortly after the Anglo-Irish invasion ([1957] 1985:284).¹¹³

Tharlódh gur ón logainm **Thaghlynn-* + *y* < *Tigh L- na Gaeilge + -*y* na Fraince a díorthaíodh an sloinne, agus tharlódh go ndearna na coilínigh sloinne dá gcuid féin as an logainm Gaeilge seo. Tharlódh gur cuireadh -*g#* ag deireadh an tsloinne le himeacht aimsire, ar analach le -*ing* an Bhéarla - faoin 16ú haois tá an -*g#* le feiceáil i dtrí shampla den logainm, féach -*ling*[e] (5), (7) agus *leinge/ -ling* (8) sa Tábla thuas. B'fhorbairt í sin nár sheas, mar is consan ailbheolach -*n#* atá san fhoirm -*lyn* (1), (2) a bhí ann roimhe, agus -*len/ -leen* a fhaightear sa 19ú haois ina dhiaidh sin, féach (10) - (18).

Ba é an léamh a bhí ag Ó Donnabháin ar an logainm *Staleen* ná gur díorthaíodh ó *Stanlaoin* nó *Sta-leen* (18) é. Chuir sé an ghluais seo a leanas le *Stanlaoin*:

‘sta, house of the Danish form of “teach,” a house,’
lín, ‘of the flax’ (AL scríofa i bpeann luaidhe).

Ar ndóigh bhí ceird dhéantús línéadaigh tugtha le fada go Damh Liag Íochtarach ag lucht na *Huguenot* (Moss 1971: 15-18, féach *Sevitsland* [65])¹¹⁴ agus d'fhéadfadh sé go raibh an cheird sin fós á cleachtadh i *Staleen* agus Ó Donnabháin ag déanamh taighde ar logainmneacha an cheantair. B'fhéidir gur shíl sé go raibh an t-alt nasctha le deireadh *Sta* agus go raibh comhshamhlú déanta idir an -*a#* ag deireadh *Sta* agus an *#a-* ag tús **an* [an t-alt] mar a leanas: *Stanlaoin* > *Sta* + **an* + Lín (gin) [Líon (fir) ‘flax’ FGB], ach is cosúil gur buille faoi thuairim earráideach a bhí sa léamh sin.

Is í *Steach Luíne* (19) foirm Ghaeilge neamhdheimhnithe na Suirbhéireachta Ordanáis a cuireadh chun cinn sa bhliain 2002, ach ní dócha gur /*ʌ*/ (*l* leathan) a bheadh mar thúsleitir leagan Gaeilge de cháilitheoir *Staleen*, mar ní thagann an réiteach sin le pátrún Galldaithe logainmneacha/ eilimintí Gaeilge dar túsleitir #L- mar a léireofar anois.

De ghnáth, bíonn coibhneas gutaí idir bunáite na bhfoirmeacha sna logainmneacha atá scríofa san ortagrafaíocht Bhéarla agus na foirmeacha Gaeilge as ar

¹¹³ Tá an sloinne *Taoiling/ Theling/ Teling/ Teeling* ag Woulfe (1923:677), ach níl aon leagan de ag Reaney & Wilson (1958). Deir Woulfe faoin sloinne: ‘Apparently Anglo-Saxon ‘Taeling’ ie son of Tael; the name of an old family in Co Meath, where, at the end of the 16th century, the Teelings ranked among the gentry’ (*op cit*).

¹¹⁴ Fuair lucht scríofa *The Field Names of County Meath published by the Meath Field Names Project* (Mullen 2013) céad fiche tagairt d’fhás an lín i 65 bailte fearainn i gContae na Mí. D’fhoilsigh an *Irish Linen Board* liosta sa bhliain 1796 de dhaoine a bhí i dteideal tuirní lín, toisc líon a bheith curtha ag fás acu. Tugadh *The Flax Growers Bounty* nó *The Irish Flax Growers List* ar an liosta seo. Fuair daoine a chuir acra amháin ceithre thuirne, agus bronnadh seol ar dhaoine a chuir cúig acra lín (340-42, féach freisin www.failteromhat.com/flax/meath/htm 24/9/13).

eascraíodar ina bhfuil #L- mar thúsleitir acu. Leanann na gutaí *a* nó *o* an túsleitir #L- i logainmneacha a bhfuil /*l*/ [l leathan] mar thúsleitir acu sa bhunleagan Gaeilge, féach *Laban/ Lábán, Lough/ Loch, Laghy/ Lathaigh, Lougher/ Luachair* (*logainm.ie* 2013).¹¹⁵ Is *e* nó *i/y* nó *ei* a leanann túsleitir #L- an Bhéarla i logainmneacha na tíre, nuair is /*l*/ [caol] a bhíonn mar thúsleitir acu sa Ghaeilge, féach *leac/ leic, Leab, Lybe/ Leadhb, lis/ Lios, lea/ Liath, Leek/ Liagaigh, Leitry/ Liataire, Leitrim/ Liathdruim*.¹¹⁶ Ar an údar sin, ní dócha gur /*l*/ atá ag tús *-leen*, cáilitheoir *Staleen*, agus b'fhéarr cáilitheoir a thosaíonn le /*l*/ a thóraíocht.

Má ghlactar leis gurb é an struchtúr TEACH + AINM NAOIMH a bhí bisiúil le linn tréimhse na Luath-Chríostaíochta (féach Caibidil 3, 3.4) atá sa logainm *Thaghlynnny* (1), b'fhiú ainm naoimh le túsleitir /*l*/ (*l* caol) a thóraíocht mar cháilitheoir STA (< *issa taig) sa logainm *Staleen*. Tá ceisteanna tábhachtacha le cur sula ndéanfar an tóraíocht sin, ámh. Is iad sin:

(i) An gcríochnaíonn an t-ainm naoimh in *-n#* mar atá i bhfoirmeacha Gallda na 12ú agus na 13ú haoise, nó in *-g#* mar atá sna foirmeacha Gallda a scríobhadh sa 16ú haois?

(ii) Cén sórt athrú a d'fhéadfadh teacht ar ainm le go mbeadh cáilitheoir an logainm tras-scríofa *-lyn/ -ling/ -llen/ -lleen/ -leen* sna cáipéisí Gallda?

Ar ndóigh, braitheann na freagraí ar an gcaoi a léitear an fhianaise, agus breathnófar uirthi sin anois.

Tá níos mó ná naomh amháin le fáil sa naomhsheanchas dúchasach, a bhfuil an t-ainm *Moling* air a chríochnaíonn in *-g#*.¹¹⁷ Ní réiteoidh an *-g#* ag deireadh *Moling* ach le foirmeacha a scríobhadh ón 16ú haois i leith, ámh. Cabhraíonn sé go bhfuil idirdhealú suntasach déanta idir an dá logainm *Staghlyn* agus *Staghmolyn* i bhfoinse de chuid na 14ú haoise (CDI 1302-1307:253-4) a thugann le fios nach bhfuil sé dóchúil go bhfuil aon cheann de na *Moling* éagsúla i gceist le cáilitheoir *Staleen*.¹¹⁸

¹¹⁵ Bíonn eisceacht nó dhó le fáil freisin, féach *Lucan/ Leamhcán* agus *LEABA/ laba* (*logainm.ie* 2013).

¹¹⁶ Bíonn LOG galldaithe ar an dá bhealach: *lug* agus *leg* (*logainm.ie* 2013).

¹¹⁷ Féach 'Do Naomhaibh Laighean' (*op cit*: 85, [Teideal]). Luaitear an *Moling* seo in Mart Gor freisin (118, *Iunius* 17) agus in Mart Tall (50). Ar ndóigh, bhí níos mó ná *Moling* amháin ann, féach: AD 696 'Moling Luachra dormiuit.' (Ann Tig i:215) agus tá tagairt eile le fáil don fhear céanna .i. 'S Moling Luachra epscop, d'écc an 17 Mai' (ARÉ i:298), chomh maith le *Moling* ar fad eile faoin mbliain 1015 (*ibid* ii:786); Tá roinnt tagairtí do *Tighe Moling* sna hAnnála faoi na blianta 888 (ARÉ i:542), 930 (*ibid* ii:624), 965 (*ibid*:689), 951 'Tighe Molincc' (*ibid*:668). Luaitear 'Teach Moling' in FFÉ (iii:304, *ibid* 156), [= ?CC. Féach freisin *St Mullin's* [Ce, LG].

¹¹⁸ Bheadh sé níos loighciúla gurb é *Moling* a bheadh i gceist le *Stamullin* mar a thugann an *alias* le fios sa taifead: 'Stamullin alias Stamoling [Kenles]' (*ibid*:260). Ar ndóigh chaithfí breathnú ar fhianaise na bhfoirmeacha stairiúla uile de chuid *Stamullin* sula ndéanfaí cinneadh níos cinntí maidir le bunús an logainm sin.

Tá fáil, ámh, ar dhá naomh darbh ainm *Lithgen* - luadh *Lithgen* amháin le hUíbh Fhailí (Mart Tall:8 January 16),¹¹⁹ agus luadh *Lithgean m Laighnen* i measc naomh Laighean (GRSH:90, 44).¹²⁰ D'fhéadfaí díorthú *Lithgean go Lin (Staghlyn)* (1) a rianadh mar a leanas:

Lithgean + séimhiú ar *g* > **Lithghean* + comhshamhlú *-thgh-* >

**Lighean* + cáiliúint *-gh-* agus fadú guta mar chúiteamh > **Lín*

*[S]taig *Lithgean* > *[S]taig [h] *Lithghean* > *[S]ta *Lighean* > *(S)ta *Lín*

nó

Lithgean + séimhiú ar *g* > **Lithghean* + cáiliúint *gh* agus fadú guta mar chúiteamh
> **Lithín* + cáiliúint *-th-* > *Lín*¹²¹

*[S]taig *Lithgean* > *[S]taig[h] *Lithín* > *(S)ta *Lín*

An bhféadfadh sé go bhfuil iarracht déanta ag scríobhaí na foirme *Staghlying* (4) an dá chonsan séimhithe [*Li*]thgh- atá i lár *Lithghen* a thabhairt leis agus *-yi-* in *ly-ing* á scríobh aige sa 14ú haois? Luann DIL roinnt cialla le **lith/ líth** (u, m. **II (a)** ‘luck, prosperity’) ina measc, agus faightear **gein** (n. neut. later feminine, ‘birth’ srl, DIL), **gin** ‘begetting’ (FGB) mar eilimint in ainmneacha pearsanta, ar ndóigh, féach:

MUIR + GEIN → Muireann,

FINN + GEIN → Finín,

LITH + GEIN → Lín

Mar achoimre, d'fhéadfadh sé gur TEACH + LITHGEN is bunús leis an logainm *Staleen*, go mbaineann an logainm le tacar logainmneacha a cumadh i dtréimhse na Luath-Chríostaíochta, go ndeachaigh próisis fhóineolaíochta i bhfeidhm ar an ainm a chríochnaigh le fadú an ghuta chun *Lín, litrithe *-leen* a thabhairt, mar atá in ortagraifíocht an Bhéarla.

Níl ach *Staleen* amháin sa tír.

¹¹⁹ cf. ‘Sancti Lithgein Clúana Moir i nUíbh Falgi’ (*op cit*). Féach freisin: *Lithgen* (FO:74, Mí Febrai 12).

¹²⁰ Féach tagairt do ‘Moling Luachra .i. Taircell m Faolain’ (GRSH:90, 47) a thaispeánann nach ionann *Lithgean m Laighnen* (*ibid*:90, 44) agus *Moling* (GRSH:90, 44, 47). Níl sé soiléir an mbíodh beirt *Lithge[a]n* ann, nó duine amháin, ach fiú muna raibh ann ach an *Lithge[a]n* as Uíbh Fhailí, níl an contae sin ró fhada ó Chontae na Mí.

¹²¹ Níl an forás seo neamhchosúil leis an gcaoi a ndeirtear ‘ceannaighthe’ [= ceannaithe] i gcanúint Chonamara .i. </k'an'i:/ ach go bhfuil an *-gh-* roimh an *-th-*. Féach freisin ‘deisighthe’ [= deisithe] /de'fi:/ sa chanúint chéanna.

Barúntacht: Damh Liag Íochtarach

Paróiste: Donore

[25] **YELLOW ISLAND**¹²²

Is deacair a rá ar logainm Gaeilge nó logainm Béarla a bhí anseo ag an tús (2014).

*An tOileán Buí (ainm neamhdheimhniú *logainm.ie*)

1)	1830-40	Yellow Island	JOD <i>logainm.ie</i>
2)	1836	Yellow Island	Meresman (Ray):AL <i>logainm.ie</i>
3)	1836	Yellow Island	Proprietor (Coddington):AL <i>logainm.ie</i>
4)	1978	Yellow Island	O.S. Sheets 26/6 Fitzsimons:97 ¹²³
5)	13/4/89	An tOileán Buí	NÓM <i>logainm.ie</i> ¹²⁴ 2009
6)	2009	Yellow Island	<i>logainm.ie</i>
7)	2010	[Níor chuala éinne faoin	fogharscríobh
	2014	áit seo]	

Is i bparóiste *Donore* i mbarúntacht Dhamh Liag Íochtarach i gContae na Mí atá an baile fearainn *Yellow Island*. Is logainm Béarla dhá eilimint é - *Yellow* agus *Island* agus struchtúr an Bhéarla AIDIACHT + AINMFHOCAL air.

Níor thángthas ar aon sampla scríofa de *Yellow Island* i bparóiste *Donore*, go dtí taifid Uí Dhonnabháin sa 19ú haoise, cé go bhfuil fáil ar an logainm i gcáipéis de chuid na 16ú haoise agus é ag tagairt d'oileán ar an tSionainn.¹²⁵ Mar sin, breathnófar thíos ar an leas a bhaintear as an dá eilimint YELLOW agus ISLAND, chomh maith leis na heilimintí Gaeilge a fhreagraíonn dóibh.

Faightear YELLOW agus ISLAND nasctha le chéile i ndornán logainmneacha sa tír. Tá bailte fearainn comharthaithe *Yellow Island(s)* (*Large* agus *Little*) i Loch Rí/ *Lough Ree*, i bparóiste Chill Tuama/ *Kiltoom*, barúntacht Bhaile Átha Luain Theas, chomh maith le *Yellow Islands*/ Glasoileán an Táilliúra i bparóiste Mháirois/ *Moyrus* i

¹²² Níl aon taifead ar an logainm seo in SRPI, CCI&PR, CSL 1540-1, Is BN, Is HD ná sa DS. Tá an eilimint YELLOW mar chuid de logainm dhá áite sa 17ú haois i gContae na Mí .i. *Yallalaees* i bParóiste Gormanstowne EM agus *Yellow Lease* i bParóiste Kilpatrick EM.] (Goblet 1932:379)

¹²³ Is faoin teideal *Islands in River Boyne* atá *Yellow Island* le fáil san fhoinsé seo.

¹²⁴ Tá an nóta 'Baile fearainn, oileán nó Oileánra' agus an Béarla *Townland, Island or Archipeligo* leis seo (*logainm.ie*).

¹²⁵ Is baile fearainn é *Yellow Island* atá i bparóiste *Meelick* i mbarúntacht *Longford* i gContae na Gaillimhe go comhaimseartha. Féach na foirmeacha stairiúla *Yellow Island in the Shannon* agus *the Yellow lland in the river Shenine* in Connaught (Eliz 110a agus Eliz 161/102, CI 1991:238, 261). Féach freisin *Molechayen, the Yellow Island* (CSPI James I 1606-1608:60)

mbarúntacht Bhaile na hInse/ *Ballynahinch*, Contae na Gaillimhe.¹²⁶ Is léir gur ainmníodh Glasoileán an Táilliúra i Maíros agus *Yellow Islands* san áit chéanna go neamhspleách ar a chéile sa dá theanga - níl aon bhlás den aistriúchán le feiceáil ar cheachtar den dá fhoirm - ní sa Ghaeilge Glasoileán an Táilliúra, ná sa Bhéarla *Yellow Islands*. Ní réitíonn uimhir iolra an Bhéarla agus uimhir uatha na Gaeilge le chéile fiú sa dá logainm.¹²⁷

Maidir le YELLOW, is cosúil gur eilimint í atá aistrithe ón nGaeilge *buidhe/ wee/ boy* uaireanta, ach is cosúil gur eilimint a tháinig isteach leis an mBéarla í, i gcás logainmneacha éagsúla eile.¹²⁸

Is í *Indis buí* ó LU 4414 an fhoirm is túisce den eilimint BUÍ a frithheadh don staidéar seo, agus luadh *an bhealaigh bhuidhe* (>**an Bealach Buidh*) sa bhliain 1602.¹²⁹ Ar ndóigh, tá an eilimint BUÍ le fáil i logainmneacha na nGaeltachtaí go comhaimseartha, go mór mór mar cháilitheoir ar na heilimintí CARRAIG/ CREAG, BINN, ÁTH, BEIRTREACH agus BÓTHAR.¹³⁰

¹²⁶ Ní gá go mbeadh na cáilitheoirí ‘*yellow*’ agus ‘*glas*’ sa logainm ag teacht salach ar a chéile; bíonn dath glas ar an bhféar i móinéar sula mbaintear é; fanann sé glas go dtí go n-aibíonn an ghrian sa samhradh é; buí a bhíonn sé agus é aibí; agus bíonn dath fíorghlas ar an bhféar nua a thosaíonn ag fás sa chéad bhliain eile sula mbainfear arís é. Is dócha go mba le táilliúr Glasoileán an Táilliúra/ *Yellow Island* ag pointe éigin sa stair.

¹²⁷ Tá tagairtí ón AL do *Yellow Id Sth No 1* agus do *Yellow Id South* ar TS *logainm.ie* agus an nóta seo leis: ‘Tá an suíomh céanna ag an dá áit ‘Situating E of the Townland of Ard East’ AL. Situations’. Ní fios cén chaoi a raibh an taoille nuair a scríobh Ó Donnabháin an nóta thuasluaite. B’fhiú a fhiosrú an bhfuil oitir nó tóchar idir dhá oileáinín san áit seo, nach mbeadh le feiceáil ach ar thaoille íseal. Má tá a leithéid ann, thabharfadh sé bunús céille d’uimhir iolra an Bhéarla.

¹²⁸ Mar shampla, is aistriúcháin ón nGaeilge iad an dá *Yellow River* a chomharthaíonn na haibhneacha san Iarmhí/ Uíbh Fhailí agus i Maigh Eo/ Sligeach, toisc *Ownaboy* a bheith le fáil go stairiúil ar an abhainn san Iar Mhí/ Uíbh Fhailí, agus *Ouwenwee* a bheith scríofa go stairiúil d’abhainn i Maigh Eo/ Sligeach (AD 1654 agus AD 1838 faoi seach, TS *logainm.ie*); is léir ámh, gur logainm Béarla é *Yellow River* i Liatroim, toisc teacht a bheith ar an bhfoirm *Geircthigh* (Tuiseal Ainmneach: *An Gheirctheach) chun an abhainn sin a chomharthú sa 13ú haois (ARÉ 1244 AD:310-311, fonóta b). Tá an scéal amhlaidh maidir le *Yellow Walls* atá ar bhailte fearainn i mBÁC agus sa Mhí; is féidir a rá gur aistriúchán ón nGaeilge iad na bailte fearainn ainmnithe *Yellow Walls* i Mullach Íde, BÁC agus i Maigh Méid/ *Moymet* san Uaimh Uachtarach i gContae na Mí, toisc go bhfuil Na fallaí buidhe agus Páirc Bhuí (faoi seach) le fáil orthu sin go stairiúil, ach d’fhéadfadh sé gur tháinig *Yellow Walls* i bparóiste *Mulhuddart*, barúntacht *Castleknock* agus *Yellow Walls* i bparóiste Bhaile Phámar, barúntacht An Chrois Uachtaraigh/ *Uppercross* díreach ón mBéarla - níor thángthas ar fhianaise ar Bhunachar na Logainmneacha a léireodh a mhalairt (*logainm.ie*).

¹²⁹ ARÉ 6:2332. fonóta w: ... *Ballaghboy* ... a pass or ancient road over the *Curlieu Hills* [bordering *Roscommon and Sligo*] (*ibid*:2332-3)

¹³⁰ Féach, mar shampla, An Charraig Bhuí i mBaile na hInse, Maíros G, An Charraig Bhuí i gCill Aithnín, Maigh Cuilinn G, An Charraig Bhuí, Bun na Toinne/ *Bunmaton* DG, Cluain Dabhadóg/ *Clondvaddog*, Cill Mhic Réanáin/ *Kilmacrenan* DG, An Chreag Bhuí, sa Bhun Beag i dTulacha Beigile DG. Tá crosbhóthar An Chrois Bhuí / *Yellow Cross* suite in Uíbh Ráthach Ci, agus tá An Leac Bhuí/ *Yellow Flag Rock* - carraig nó carraigeacha le fáil i gCill Aithnín i bparóiste Mhaigh Cuilinn G (féach *logainm.ie*).

Féach freisin An Bhinn Bhuí in Aill na Brón i bparóiste Mhaírois, Conamara, *Benwee* i Maigh Eo agus in áiteanna eile, *Drumbanaway* i dTír Eoghain, mar shampla, chomh maith leis na comhcheangal le hÁTH - féach Baile Átha Buí/ Áth Buidhe-Tlachtga i gContae na Mí, Béal an Átha Buí/ *Yellow Ford* (*Carbragh, Grange*, AM), Béal an Átha Buí/ *Bellanaboy* Roscomáin [*Bél-an-atha-buidhe* go stairiúil, féach Joyce c1870:280] a chomharthaíonn áiteanna i Liatroim, i Maigh Eo, i Sligeach agus i nDún na nGall, chomh

Maidir leis an eilimint *Island*, seasann sí léi féin mar logainm ar bhailte fearainn sna contaetha Ca, Ce, Cl, Co, G, La, Lu, LG, ME agus UF.

An tOileán atá ag an Suirbhéireacht Ordanáis mar fhoirm Ghaeilge ar ISLAND (*logainm.ie*). Struchtúr an Bhéarla a bhíonn léirithe i logainmneacha ina mbíonn ISLAND sa dara heilimint iontu - féach na bailte fearainn *Horse Island* sna contaetha Ci (X 3) Cl, Co (X 3), Dún, FM, G, Lo, ME (X 3), RC agus Sl, mar shampla.¹³¹ Nuair a bhíonn sí le fáil mar príomheilimint (*Island Beg* DG, G mar shampla), is é struchtúr na Gaeilge a bhíonn léirithe inti.

Díreofar aird ar logainmneacha ábhartha a bhfuil struchtúr na Gaeilge orthu anois, agus an eilimint BUÍ ceilte san ortagrafaíocht iontu.

Is cosúil gur aistriúchán ó *oileán* na Gaeilge atá in *Island* i gcás *Islandboy* (<**oileán buí*) bailte fearainn atá i Luimneach agus i gCiarraí. Tugtar *Islandboy* (foirm eile a choinníonn an eilimint BUÍ - comharthaithe *boy*) mar fhoirm Bhéarla ar *An tOileán Buí* i nDromad, Uíbh Ráthach, i nGaeltacht Chiarraí.¹³²

Is é an struchtúr ALT + OILEÁN + AIDIACHT, *An t-Oileán Buí* (5), atá mar leagan neamhdheimhnithe Gaeilge ar *Yellow Island* de réir na Suirbhéireachta Ordanáis.

maith le *Ballinaboy* atá le fáil i gCorcaigh, i nGaillimh agus i Ros Comáin (*logainm.ie*). Tá an tOileán Gorm (ón sloinne *Gorham* (Robinson 1985) suite i gCuan na Beirtrí buí, barúntacht Bhaile na hÍnnse i gConamara. Féach freisin go bhfuil An Bóthar Buí ar bhailte fearainn sna contaetha BÁC, Ci [X 2], Luim, Lú, PL [X 2], TA [X 2] agus UF (*logainm.ie*).

¹³¹ Níor aistríodh Eachinis go Béarla, ach rinneadh fogharscríobh dó in ortagrafaíocht an Bhéarla i gcás dhá bhaile fearainn *Aughinis* i gCo an Chláir. Faightear na heilimintí INIS agus EACH i logainmneacha atá níos sine ná iad siúd ina mbíonn na heilimintí CAPALL agus OILEÁN. Leirítear an struchtúr AINMFHOCAL + AINMFHOCAL i dtacar logainmneacha a bhfuil INIS ag cáiliú príomheilimintí éagsúla, a leithéide, EACH + INIS. Tá liosta de shamplaí a bhfuil ainmfhocail a chomharthaíonn ainmhithe agus crainn, ach go háirithe ag Mac Giolla Easpaig, féach na príomheilimintí MUC/ DAMH/ RÓN/ ÉAN/ BEITH/ DEILG/ BRIGHIN/ BLÉAN/ CAC/ BRAIN/ CON/ DAIR/ EO/ CRAOBH/ TAQBH/ FIDH [+ INIS] (1981:154). Is cosúil go bhfuil os cionn 400 logainmneacha sa tír ina bhfuil INIS mar eilimint iontu, féach plé ar an eilimint seo agus léarscáil a dáilithe in O’Conor (2001:92-3).

¹³² Féach freisin go bhfuil an foghar-aistriúchán *Illeunboy* ar oileánra i nDún na nGall, foirm a cheileann an fhoirm Ghaeilge **Oileán Buí* faoi ortagrafaíocht an Bhéarla. Is leis an alt atá na leaganacha Gaeilge de *Islandboy* comharthaithe ar shuíomh na SO féach - An tOileán Buí. Bíonn struchtúir éagsúla i logainmneacha a mbíonn OILEÁN iontu; féach, mar shampla: i. *Glasoileán* (AIDIACHT + OILEÁN) ii. Oileán fada/ *Illeunfada* (G) agus Oileán fada/ *Illeunfad* (DG), Oileán Maol/ *Islandmoyle*, Contae an Dúin (OILEÁN + AIDIACHT). iii. Fraochoileán i bparóiste Mhaíros, i mbarúntacht Bhaile na hInse, agus Damhoileán i bparóiste Inis Bó Finne sa bharúntacht chéanna (AINMFHOCAL + AINMFHOCAL) (Mac Giolla Easpaig 1981:160, 158) iv. Oileán Caorach/ *Mutton Island* i bparóiste Chill Mhuire Uí Bhreacáin, Contae an Chláir, Oileán Caorach/ *Illeunkearagh*, paróiste Achadh Dúin i mbarúntacht Chairbrigh Thiar i gCorcaigh (OILEÁN + AINMFHOCAL sa tuiséal ginideach). (Féach freisin plé ar an eilimint seo in Flanagan & Flanagan 1994:127).

Barúntacht: Damh Liag Íochtarach

Paróiste: Damh Liag

[26] ABBEYLAND

Is logainm Béarla é seo (2014).

* Fearann na Mainistreach (ainm neamhdheimhnithe *logainm.ie*)

***Fearann Aibí** [= aistriúchán seimeantach ar LAND agus aistriúchan foghraíoch ar an sloinne ABBEY] (moladh an taighdeora **2014**)

1	1655	[The Abbey Parish The Abbey of Duleek The Abbey]	CS:24
2	1657	Abby Land Parrish	DS, W ^m Morgan, Dan ¹ O' Brien copy
3	1655-9	Abbyland	BN Goblet :49.
4	1663	[The Abbey of Duleek] [The Priory in y ^e Townland of Duleeke]	BSD 4, 1663 sa téacs <i>ibid</i> 5
5	c1672	Abbyland	HD Goblet :49.
6	1812	Abby Land	Co Map: AL:27, OS/88/36 (TS 3 <i>logainm.ie</i>)
7	1824	Abby Land	HC Sy & Val. Rept., TS <i>logainm.ie</i>
8	1829	Abbey Land	Boundary sketch AL:27, OS/88/36 (CN)
9	1836	Fearann na Mainistreach	AL:27, OS/88/36, TS 3/3 <i>logainm.ie</i>
10	1838	?Abby Land	pl AL:27 TS 3/3 <i>logainm.ie</i> ?An Uaimh
11	1838	Abbeyland	Rev.d E Batty, AL 53 OS/88/36
12		Abbey Land, Duleek	Docket of Gd Jury Rates: AL:27,(CN)
13	2005	Fearann na Mainistreach	Moladh SO, TS <i>logainm.ie</i>
14	2010	' abi; land	fogharscríobh, Jim Curley

Is i bparóiste Dhamh Liag/ *Duleek* i mbarúntacht Dhamh Liag Íochtarach i gContae na Mí atá an baile fearainn *Abbeyland*, ach is ó dheas d'fhothracha na mainistreach – mainistir Dhamh Liag Chianáin i mbaile Dhamh Liag/ *Duleek* - atá *Abbeyland* suite. Bhunaigh na hAgaistínigh Normannacha an phríóireacht *Sancti Michael* c 1182 de chuid *Llanthony Secunda*, ar *Abbeyland*, féach *Duleek* [37]. Thógadar í taobh amuigh de chlós na mainistreach i nDamh Liag, mar go raibh traidisiún fada dúchasach ag baint

leis an mainistir úd - Mainistir Chianáin.¹³³ Mar sin bhí dhá theach reiligiúnacha lonnaithe an-ghar do *Abbeyland* - is ó thuaidh de *Abbeyland* a bhíodh an mhainistir dhúchasach suite .i. Mainistir Dhamh Liag Chianáin - (a ath-ainmníodh a ndiaidh Muire sa 12ú haois) agus bhí príóireacht *Sancti Michael* suite ar *Abbeyland* féin. D’fheidhmigh an dá theach go dtí díscaoileadh agus coigistiú na mainistreacha in aimsir Anraí VIII.

Cé go raibh go leor tailte in oirthear na Mí faoi smacht na nAgaistíneach le os cionn 360 bliain roimh dhíscaoileadh na mainistreacha, ní raibh a leithéid de logainm *Abbeyland* ar aon cheann díobh sin riamh, ach luadh gach uile bhaile fearainn faoina logainmneacha féin (i gcomhthéacs deachúna, cánacha, seirbhísí srl), mar is léir ó ICL agus ó na foinsí eile a ceadaíodh le fianaise a bhailiú ar leaganacha stairiúla na mbailte fearainn éagsúla atá mar ábhar an tráchtais seo,¹³⁴ féach Caibidil 3, 5.3 agus féach an léarscáil i gCaibidil 3, 5.2. Níor frítheadh tagairt do *Abbeyland* in aon áit in Éirinn níos luaithe ná an 17ú haois (*logainm.ie* 2013). Baineann an logainm *Abbeyland* leis an ré nua a tháinig i ndiaidh dhíscaoileadh agus choigistiú na mainistreacha sa 16ú haois, nuair a roinneadh talamh na mainistreacha ar dhaoine a bhí dflis do rí Shasana. D’aistrigh foireann na Suirbhéireachta Ordanáis *Abbeyland* go *Fearann na Mainistreach* (9), (13) agus is í sin foirm an logainm atá cláraithe ar *logainm.ie* 2014. Tá sé intuigthe ón bhfoirm sin, go nglactar leis, gurb é *Abbey* sa chiall ‘mainistir’ is bunús leis an eilimint MAINISTIR. Cé gur logainm Béarla é *Abbeyland*, níl aon fhairsingeacht ag baint leis an eilimint ABBEY i logainmneacha Shasana.¹³⁵

Go dtí gur cumadh *Abbeyland*, luadh os cionn tríocha baile fearainn i nDamh Liag Íochtarach ina gcuid logainmneacha féin, a raibh píosaí díobh i measc an lear mór ‘fearann’ nó tailte a bhíodh ag na mainistreacha ar feadh tréimhse thar 367 bliain. Ba leor *Daimliag/ Doimhliacc/ Doimhliag/ Doimhliacc Chianáin/ Daimhliacc Cíanain/ Doimhliag Chianain* chun an mhainistir atá ó thuaidh den áit ar a dtugtar *Abbeyland* anois a shainiú, ar feadh os cionn 400 bliain - ón mbliain 749 go dtí gur athraigh an Muircheartach Ó Ceallaigh, rí Brega an t-ainm *Cianáin* go *Muire* i lár na 12ú haoise, tar

¹³³ Ba é Naomh Pádraig a thóg teach pobail i nDamh Liag sa 5ú haois agus a d’ornaigh Naomh Cianán [† 488] mar ab inti. Féach freisin: Patrick ... baptised Cienan (*sic*) in ... 450; and this saint, after residing a considerable time in France, returned to Ireland, and erected a church of lime and stone here. (Archdall 1786:533)

¹³⁴ Féach mar shampla: Cairt 98 [1381 AD] Memorandum de Hibernia (ICL: 289-311) agus Cairt CLXV [1408 AD] *Extenta omnium possessionum prioris et conuentus Lanthonie prime in Wallia* (*ibid* 178-193), *Taxation of the Diocese of Meath Develek* agus *Roll of Taxation of the Ecclesiastical Benefices of the Diocese of Meath* (CDI 1302-1307:252-270)

¹³⁵ Níor frítheadh ach dhá shampla de *Abbey* mar eilimint i logainmneacha Shasana, *Abbey Town* ‘the site of Holm Cultram Abbey’ agus *Abbeystead /vaccary del Abbey* 1323 AD, áit a coinníodh beithígh bhainne (Ekwall 1936:1, 240).

éis do cuairt a thabhairt ar na hAgaistíní in *Arrouaise* (féach *Duleek* [37]), agus is mainistir tiomnaithe do *Mhuire* i nDamh Liag a bhí inti ansin. Ansin rinne na Normannaigh a gcuid féin de *Damh Liag*, (agus de go leor logainmneacha eile nach é) - féach *Duleek* [37] áit a bhfuil na foirmeacha Galldaithe *Develech / Dyveleck / Dyvelek / Duelek[e] / Dulyk[e] / Dulick[e] / Dewleke* srl cláraithe mar logainm ar an áit sin, agus féach gach logainm eile a bhfuil ICL luaite mar fhianaise air. Ar ndóigh, nuair a tháinig na hAgaistínigh Normannacha go Damh Liag, liostaíodar ainmneacha thailte an limistéir, ina n-ainmneacha dúchasacha, mar a chualadar iad, agus ní raibh trácht ar *land*, ar *thailte*, nó ar *fhearainn*, ach ar dheachúna, ar chíosanna agus ar chánacha, a bhaineadar de na dúchasaigh a bhí lonnaithe sa bhaile seo nó sa bhaile siúd. Rinneadar tras-litriú ar na hainmneacha Gaelacha chun foirmeacha Galldaithe díobh a chruthú, ach níl *Abbeyland* le fáil ar aon liosta logainmneacha mar atá siad cláraithe i gcáipéisí ICL. Faoin am a cuireadh an logainm *Abbeyland* ar an mbaile fearainn, ní raibh aon mhainistir san áit a bhfuil baile Dhamh Liag anois, ná ní raibh fiú príóireacht ansin níos mó, toisc go raibh an dá phríóireacht agus a gcuid tailte coigistithe. (Ní raibh aon rian den ospidéal a d'fheidhmigh ar *Prioryland* [50] tráth ach an oiread). Ní miste a lua anseo gur ainmníodh fearainn na príóireachta go stairiúil i gcáipéisí an riaracháin idir an 12ú haois agus an 15ú haois, agus ní miste samplaí d'ainmneacha dúchasacha na bhfearann sin a thabhairt anseo thíos mar a fhaightear in ICL iad: (cuirtear foirmeacha an lae inniu i gló iodálach i lúibíní cearnógacha): Calyston [*Caulstown*], Duuelike/ Duuelech [*Duleek*], Carblagh/ Car[re]blaw [*Garballagh*], Gillingeston [*Gillinstown*], le Lowher/ Lower/ the Lowher [*Lougher*], Molafen [*Mullaghfin*], Newenton [*Newtown*], Platyn [*Platin*], Reescus [*Reask*], agus villa Pagani Dullard [*Dollardstown*].¹³⁶ Is orthu sin a bhí 'fearainn na mainistreach'. Ní bheadh ach beagán fearainn thimpeall ar an mainistir dhúchasach Mainistir Chianáin (a sheas ó thuaidh den áit a bhfuil *Abbeyland* anois) in aimsir na Luath-Chríostaíochta (Swan 1973:12-20) - i bhfad níos lú de ná mar atá in *Abbeyland* anois.

Má táthar le haghaidh *Abbeyland* a aistriú, bheadh sé níos cirte ó thaobh na staire de, é a aistriú mar *Fearann na Príóireachta, mar is ó dheas den mhainistir dhúchasach Mainistir Chianáin/ Mhuire atá an baile fearainn *Abbeyland* suite, ar ar bunaíodh an príóireacht a tiomnaíodh do *Sancti Michaelis* sa 12ú haois. Déanann an BSD idirdhealú idir an 'Abbey' agus an 'Priory' mar tagraítear do *The Priory in y^e*

¹³⁶ Beidh tuilleadh plé ar na logainmneacha atá cláraithe in ICL i gCaibidil 3, 5.2 agus 5.4.

Townland of Duleeke (4) chomh maith le *The Abbey of Duleek* (4) san fhoinsé sin. Mar sin, ba chuid de *y^e Townland of Duleeke* a bhí in *Abbeyland* tráth den saol, agus caithfear fiosrú cé as a tháinig an eilimint ABBEY in *Abbeyland*. An bhféadfadh sé gur ar an tsloinne ABBEY atá an chéad eilimint den logainm *Abbeyland* bunaithe?

Is éard atá sa sloinne *Abbey* ná

topographical name for someone living by an abbey, or occupational name for someone working in one; from ME *abbeye, abbaye* (OF *abeie* LL *abbátia* abbey, priest's house ... (Hanks, Hodges (1988) 1989:1).

Ar ndóigh, bheadh go leor saothraithe ag teastáil ó chanónaigh mhainistreach, idir oibrithe talún agus cheardaithe, agus tugadh an sloinne *Abbe[y]* srl ar dhaoine a bhíodh i seirbhís na manach (Hanks & Hodges *passim*). Ba iad sin na daoine a d'fhanfadh thart ar shuíomh na mainistreach nuair a cuireadh deireadh leis an mainistir. D'fhéadfadh sé, mar sin, gur díorthaíodh an chéad eilimint de *Abbeyland* ó shloinne duine a bhíodh ag obair mar cheardaí nó mar shaothraí do na canónaigh Agaistíneacha ón mbliain 1182 go dtí c1540-1. Is cosúil go mbíodh manaigh dhíshealbhaithe ag fanacht thart ar na mainistreacha freisin ón 16ú haois i leith. Luann Archdall, an cleachtas seo i measc na nDoiminiceach agus na bProinsiasach agus deir sé:

other orders have many members, all of them preserving memory of their former possessions, and residing at or near their ancient Monasteries (1786:xii).

Ar ceart na hAgaistínigh a chur san áireamh le baill na nOrd eile a dtagraíonn Archdall dóibh?

Bhíodh *Abbe/ Abbot* ag feidhmiú mar shloinne in Éirinn sa 13ú haois agus sa 14ú haois, féach *Bertram Abbe* agus *John Abbot/ Abbe*, AD 1297 (CJR 1295–1303:104, 118, 156), *Bertram Abbot/ Abbe*, AD 1305 agus 1306 (CJR 1305-07:258, 315, 477, 498) agus *Walter Abbi 'vicar of Tyllathtyper'* a d'éag sa bhliain 1348 (CGR 1916:4, f.2). Tá tagairt freisin sa bhliain 1625 do *Abbot's mes* (Car I:3 Inq Lag) agus frítheadh tagairt stairiúil don sloinne ó thús na 18ú haoise freisin, féach:

1706 -1714... Loose Minutes of Bandon Men's Meeting, with which are a few genealogical details of the families of ... Abbey ... (Goodbody 1967:171, 226).

Maidir leis na foirmeacha *The Abby of Duleek(e)/ The Abby/ Abb(e)y/ The Abbey parish* (3), (4), (5), (6) atá cláraithe sa Tábla thuas, tharlódh go raibh mearbhall ar scríobhaithe faoin 17ú haois, idir foirm an tsloinne *Abb[e]/[y]* agus an focal Béarla *Abb[e]y*, a chiallaíonn ‘mainistir’ nó ‘monastery’.

Maidir le príomheilimint an logainm .i. LAND, tá sí le feiceáil i logainmneacha stairiúla Dhamh Liag Íochtarach, agus i logainmneacha eile de chuid Chontae na Mí ón 14ú haois i leith: féach *Laylond/ Leylonde* AD 1315 (CGR:94 f.120, *Laytown/ Bettystown* [9]) mar shampla; is cosúil, gur tugadh *Gilsland* ar áit gar do *Preston* (*Gormanston*, Contae na Mí, CGR:vii) chomh maith.

Tá fianaise níos fairsinge ann, gur baineadh leas as an eilimint LAND[S] mar cháilitheoir i logainmneacha na 16ú haois agus na 17ú haois, agus bíonn *s* an ghinidigh idir príomh eilimint agus cáilitheoir go minic.¹³⁷ Tá an *s* sealbhach fágtha ar lár, i gcás *Abby Land/ Abbyland*, an logainm atá faoi chaibidil (agus i gcás *Prioryland* atá sa pharóiste seo, féach [50]) agus i gcás *Gilltown* [80].¹³⁸ Tá sí fágtha ar lár freisin sna bailte fearainn *Sheepland beg/ Sheepland more* i bparóiste *Leath Cathail Íochtarach/ Lecale Lower*, i gContae an Dúin freisin (a bhfuil *beg* agus *more* mar bhreis cháilithe orthusan).

Mar sin, tá an fhéidearthacht ann gur éirigh le duine a bhíodh bainteach leis an mainistir tráth, a raibh an sloinne *Abbe/ Abbot* air, seilbh a choinneáil ar bhlúire beag talún nuair a tugadh *Abbeyland* ar an mbaile fearainn sa 17ú haois, agus gur as sin a d’fhorbair an logainm. Tá sé dóchúil gur de bhunadh na gcoilíneach é - aois mhór chorraitheach a bhí sa 17ú haois ó thaobh fhorghéillte agus athbhronnta tailte de, mar a luadh i gCaibidil 1, 4.10. Chomh maith leis sin, is í ceann de na príomhdhifear idir logainmneacha a bhfuil sloinne mar cháilitheoir iontu i logainmneacha na hÉireann seachas i logainmneacha Shasana, ná go mbíonn mír an ghinidigh *s* i logainmneacha den struchtúr sin in Éirinn go hiondúil,¹³⁹ ach ní bhaintear leas as an *s* sin i logainmneacha Shasana i dtacar mór logainmneacha, féach *Gilltown* [80], an fonóta deireanach. Ar an ábhar sin uile, is é an t-aistriúchán *Fearann Abbey nó *Fearann Aibí a chuirfeadh an taighdeoir seo ar an logainm Béarla *Abbeyland* nach bhfuil in úsáid ach le tuairim is 350 bliain.

¹³⁷ Féach Nóta ar LAND thíos.

¹³⁸ Tugtar samplaí de logainmneacha i Sasana a bhfuil an pátrún seo iontu, féach an fonóta deireanach de *Gilltown* [80].

¹³⁹ Tugtar faoi deara go bhfuil an dá chineál struchtúr logainmneacha i Sasana .i. iad siúd le mír shealbhach idir dhá eilimint, agus logainmneach eile gan an mhír shealbhach. Taifeadh na cinn leis an mír shealbhach níos túisce ná iad sin atá dá huireasa (Mills 1991).

Tá sé cinn de bhailte fearainn sa tír a bhfuil *Abbeyland* orthu go comhaimseartha, a bhfuil dhá cheann díobh i gContae na Mí – ceann amháin i bparóiste na hUaimhe agus an ceann atá á fhiosrú anseo i bparóiste Dhamh Liag, i mbarúntacht Dhamh Liag Íochtarach. Tá na ceithre *Abbeyland* eile le fáil i gContae na hIarmhí, i gContae Chill Dara (ina bhfuil dhá bhaile fearainn den ainm seo) agus i gContae an Chabháin. Tá an t-aistriúchán *Fearann na Mainistreach* curtha ar bhailte fearainn eile den ainm *Abbeyland* in áiteanna eile in Éirinn, féach *logainm.ie* 2014.

Ní luaitear an logainm *Abbeyland* in *Foclóir stairiúl áitainmneacha na Gaeilge* 2005, mar ní logainm Gaeilge é.

Nóta ar an eilimint LAND

Bhíodh an eilimint LAND bisiúil i logainmneacha sa 16ú haois agus sa 17ú haois agus tabharfar samplaí de na cinn a tháinig chun solais le linn an staidéir seo a áirítear i measc logainmneacha Dhamh Liag Íochtarach (agus corráit eile) anseo. Luadh cheana gur frítheadh na samplaí *Laylond/ Leylonde* sa bhliain 1315 [9] agus gur tugadh *Gilsland* ar áit gar do *Preston (Gormanston, Contae na Mí)* (CGR:vii). Tá fianaise níos fairsinge le fáil, gur baineadh leas as an eilimint LAND(S) mar cháilitheoir i logainmneacha na 16ú haoise: féach *Newton called Fitz Gerrod lands AD 1537 (Newtown paróiste Damh Liag féach [48] agus Caibidil 3, 11.1)*, *Furnesland in Marnerton AD 1587 (Eliz 173 ibid:264)*, féach *Mornington [10]*, *Dunmannagh alias Muncksland in Leytowne near le Inch AD 1592 (ibid: 444, 16)*, féach *Laytown/ Bettystown [9]*, *Colpes land (Colp) AD 1575-6 (Eliz 88/194 ibid:213)*, féach *Colp [6]*, *Yellow lland (Yellow Island) in the river Shenine AD 1584 Eliz 162/102 ibid:261)*, féach *Yellow Island [25]*, *Daesland(e) AD 1554, AD 1560, AD 1558 Danesland alias Dawesland 1559 AD (Eliz 67/42 CI 1990:212-13)*, *Danesland AD 1587 AD (Eliz 173/111 ibid:265)* féach *Danestown [16]*,¹⁴⁰ *Blackdiches land AD 1590 (Eliz 199/134 ibid:282)*, féach *Black Ditch [28]* (Elix 199/134 *ibid:282*),¹⁴¹ *Knocks Land féach Knockisland [44]*.

Tá samplaí de logainmneacha a bhfuil an eilimint *land* le fáil iontu a scríobhadh sa 17ú haois (den chéad uair) freisin: féach *Sevelsand AD 1619 (Jac I:36 Inq Lag)*, *Seaversland AD 1631 (Car I 74 ibid)*¹⁴² féach *Sevitsland [65]*, *Grove's land in Rathowth*

¹⁴⁰ Luaigh Archdall (1786) an fhoirm seo freisin.

¹⁴¹ Is 'in Naas and Maddelyn' atá an áit seo.

¹⁴² Luaitear an áit seo i gcáipéisí a bhfuil *Ballymad [3]* agus *Sevitsland [65]* luaite iontu freisin.

AD 1636 (Car I 127 Inq Lag),¹⁴³ *Sarsfeild's land* AD 1639 (Car I 146 Inq Lag),¹⁴⁴ *Dowe's land* AD 1640 (Car I 151 Inq Lag),¹⁴⁵ *Priorsland(e)* AD 1656-7 (CS:128,131)¹⁴⁶ agus *Betagh's land in baron de Kells* AD 1690 (Gul & Mar I Inq Lag).
Thaifead Ó Donnabháin *Minitland* sa bhliain 1836 féach *Minitstown* [62].¹⁴⁷

Níor sheas an eilimint LAND i logainmneacha Dhamh Liag Íochtarach, ach amháin sna logainmneacha *Abbeyland* [26] agus *Sevitsland* [65], dhá logainm nár cláraíodh go dtí an 17ú haois.

¹⁴³ = Inq 127, TS *logainm.ie*. Féach freisin ... *vil' & ter' de Grovesland* (Car II:3 taobh A líne 37 *ibid*).

¹⁴⁴ Luaitear an áit seo i gcáipéis a bhfuil *Smithstown* [66] luaite inti freisin.

¹⁴⁵ Luaitear an áit seo i gcáipéis a bhfuil *Duleek* [37] luaite inti freisin.

¹⁴⁶ Is i bparóiste Dhún Búinne/*Donboyne*, barúntacht Dhún Búinne/*Donboyne* atá an áit seo.

¹⁴⁷ Féach: Tithe Composition Book AL:37 (OS/88/20 sa Chartlann Náisiúnta).

Barúntacht: Damh Liag

Paróiste: Damh Liag

[27] **BALSARAN** [foirm a thaifead ÓD sa 19ú haois don chéad uair]

*Baile Sarna (ainm neamhdheimhnithe *logainm.ie* 2013)

?***Béal Átha Fearna** nó ?***Ball Fearna** (roghanna an taighdeora **2014**) nó

?***Baile Sárnaid** nó?***Baile Sarn** nó ?***Béal Sarn** nó ?***Béal Átha Sarn**

1)	1540	Balsarne	IMP:314 (<i>logainm.ie</i>)
2)	1540-1	Balferne	CS 1540-1:33
3)	1569	Balserne	IFTS ii (Eliz):188 F1460 (TS <i>logainm.ie</i>)
4)	1654-1656	Balsarne	CS:15, 17, 48.
		Ballsarne	21,
5)	1655-59	Balscarne	Is BN, Goblet:104
6)	1657	Balcarne	DS Ref.:AL, TS <i>logainm.ie</i> .
		Balcarne	Nóta ar Is Duleek & Abby Parrishes by Thomas Clarke. An exact copy by Dan ^l O' Brien Surv ^r
7)	1657	Balscarne	DS Map:AL, TS <i>logainm.ie</i>
8)	c1660	Ballcarne	BSD 35, <i>recte</i> 5 (TS <i>logainm.ie</i>).
	<i>recte</i> 1663	Balcarne	<i>ibid</i> 5, 1663 sa téacs
9)	c1672	Balscome	Is HD, Goblet:104
10)	1723	Ballsarne	CGn 38.93.23429, TS <i>logainm.ie</i> .
11)	1743	Balsarne	RDD AW i: 297, 679
12)	1786	Ballyfern	Archdall Mon Hib (White):536
13)	c1830	Belsarne	BS:AL, TS <i>logainm.ie</i> .
14)	1830	Balsarn	TCB, TS <i>logainm.ie</i> .
15)	1836	Balsaran	JOD:AL, TS <i>logainm.ie</i> .
16)	1836	Saran's town	AL:OD, TS <i>logainm.ie</i>
17)	1838	Bul' Sárna	OC:AL, TS <i>logainm.ie</i> .
18)		Ballycarn <i>alias</i>	GJ rates (Old copy):AL,TS <i>logainm.ie</i> .
		Ballcarn	
19)	2006	Baile Sarna	AL, Úd. Áit DGE, PÓC <i>logainm.ie</i>
20)	2010	'bal'sarn	fogharscríobh, Paddy Lenihan
	2014	, bal'sarn / 'bal'sarn	Dessie Lynch
		, bal'sarn	Paddy Curley

Is i bparóiste Dhamh Liag i mbarúntacht Dhamh Liag Íochtarach i gContae na Mí atá an baile fearainn *Balsaran*. Is cosúil le logainm dhá mhíre é – *Bal* agus *Saran*, ach is sa bhliain 1836 a tháifead Ó Donnabháin –*saran*, den chéad uair, mar fhoirm an cháilitheora. Níor mharcáil an SO ainm an bhaile fearainn ar eagrán 1835/6 den léarscáil, (athchóirithe 1899). Is iad foirmeacha an cháilitheora a bhfuil teacht orthu sna cáipéisí Laidne agus Béarla ón 16ú haois i leith ná –*sarne* (1), (4), (10), (11), (13), –*sarn* (14), –*ferne* (2), –*fern* (12), –*serne* (3), –*scarne* (5), (7), –*scome* (9), –*carn[e]* (6), (8), (18) agus –*saran* (15). Is iad *Bal[lj]*- (1) - (11), (14), (15), (18), *Bally*- (12), (18) *Bel*- (13) foirmeacha na príomheiliminte. Tá an sampla *Belsarne* (13) corr le hais na samplaí eile, ach faightear *Bel*- i logainmneacha a mbíonn BÉAL ÁTHA mar thús iontu, agus pléifear sin ar ball.

Bíonn dhá mhíniú ag *Bal* i logainmneacha de réir Joyce, a deir:

Bal is very often, especially in the eastern counties, a contraction of Bally ... Bal also often stands for Ball, a spot ... (1913:56).

Maidir le *Bally*, deir sé:

When Bally ... begins place-names, the rest of the names in the great majority of cases are family or personal names – the families or individuals to whom the several homesteads or townlands belonged (*ibid*:68).¹⁴⁸

Ar ndóigh is deacair a rá nach as BAILE a díorthaíodh an chéad eilimint, nuair nach bhfuil fianaise ann don logainm idir an 12ú haois agus an 15ú haois, agus nuair a smaoinítear go bhfaightear BAL sa 15ú haois in áit BAILE i roinnt logainmneacha, féach Caibidil 3, 8 agus 8.5, **Tábla 2**. Dhealródh sé gur bunaíodh an leagan *Baile Sarna* (19) a mhol an SO sa bhliain 2006 ar an tuiscint gur athraíodh BAILE go BAL sa 15ú haois nó sa 16ú haois. Ní miste breathnú ar an gcáilitheoir ámh, sula ndéanfar iarracht cinneadh a dhéanamh faoi cé acu BAL, BALL, BAILE nó BÉAL ÁTHA is bunús le chéad eilimint *Balsaran*, ós rud é go bhfuil meascán de *Bal*- *Ball*- *Bel*- agus *Bally*- sna samplaí a bailíodh.

Is iad samplaí corra an cháilitheora ná

- (i) –*scarne* (5), (7), *carn[e]* (6), (8), (18), –*scome* (9) ina bhféadfadh meascán mearaí a bheith déanta idir –*sc/c* an Bhéarla agus an fhuaim a léirítear le *ç* na Fraincise, agus

¹⁴⁸ Pléifear an eilimint BAILE go ginearálta i gCaibidil 3: 7.7.

(ii) *-scome* (9), ina bhféadfadh tuaiplis a bheith déanta i léamh na peannaireachta idir *-a* agus *o* chomh maith le *rn-* agus *-m-*. Ní ainm ná sloinne atá in aon cheann acu seo. Titeann foirmeacha eile an cháilitheora ina dhá ghrúpa móra: an formhór a bhfuil *#s-* mar thúsleitir acu, féach *-sarne* (1), (4), (10), (11), (13), *-sarn* (14) *-serne* (3), *-scarne* (7), *-scome* (9), chomh maith le *-saran* (15) foirm Uí Dhonnabháin (agus an fhoirm chomhaimseartha), agus dhá shampla ag a bhfuil *#f-* ina túsleitir ag an gcáilitheoir, féach *-fern(e)* in *Balferne* (2) agus *Ballyfern* (12).

Níor thángthas ar aon eilimint in aon logainm Sasanach as a bhféadfadh aon leagan de cháilitheoirí stairiúla *Balsaran* a bheith díorthaithe, ná níor thángthas ar aon ainm nó ar aon sloinne Sasanach lena bhféadfaí *-saran* a cheangal.

Nuair a bhreathnaítear ar fhoirmeacha Gaeilge na dara heiliminte, a bhailigh an SO, is cosúil go bhfuil *Baile Sarna* (19) bunaithe ar mholadh O’Conor - *Bul’ Sárna* (17) a mhínigh Ó Donnabháin mar *Saran’s town* (16). Níor luaigh O’Conor an logainm seo i measc logainmneacha eile a bhailigh sé, ámh (OSL:104-149) agus dá bhrí sin, ní féidir a rá go deimhneach gur chuala sé ó bhéal na ndaoine é, mar níl aon fhianaise dhearfach ann gur labhair sé le muintir na háite faoin logainm áirithe seo. Mar sin féin agus ar mhaithe le críochnúlacht pléifear an t-ainm *Sárán*, a fhaightear sna ginealaigh.

Tá dáréag *Sárán* éagsúla liostaithe in innéacs CGH (729) agus níos mó de thagairt amháin do chuid acu.¹⁴⁹ San fhoinse sin, is minice an t-ainm a bheith le fáil sa tuiseal ginideach ná sa tuiseal ainmneach. Ní hé **Sárna* an tuiseal ginideach atá ag aon cheann díobh ámh, ach *Sáráin*, agus tá 20 sampla den ainm sa tuiseal ginideach litrithe *Sáráin*. Níl aon **Sárna* sa tuiseal ginideach i Mart Tall ná i bhFO ach an oiread - uaireanta is iad na foirmeacha *Sarain/ Saráin/ Saraini* atá taifeadta sna liostaí (.i. ginideach ag feidhmiú mar thuisseal ainmneach) agus in Mart Tall is iad *Saráin/ Sarain* foirmeacha an ghinidigh sa Ghaeilge, nó *Sara[ni]* sa Laidin.¹⁵⁰

Ní dócha, mar sin, gurb é *Sárán* cáilitheoir *Balferne/ Balserne/ Bal[l]sarn[e]/ Bal[s][c]arne/ Ballyfern/ Ballycarn/ Balsaran*, nuair nach léiríonn na foirmeacha a bailíodh rian infhillte tuiseal ginidigh an ainm phearsanta sin.

Luaitear duine amháin eile *Sárnat* sna ginealaigh (CGH 316 b 4), agus is é *Sárnaid* tuiseal ginideach dá hainm siúd. An bhféadfadh sé gurbh í sin a bhí i gceist ag O’Conor, ach go mb’fhéidir gur cheap Ó Donnabháin gur *Sárán* a bhí i gceist mar

¹⁴⁹ Seans go bhfuil an t-ainm *Sárán* caomhnaithe sna cáilitheoirí *Kilsaran/ Cill Sáráin* [Lú] agus *Tisaran/ Teach Sáráin* [UF], féach *logainm.ie* 2014.

¹⁵⁰ Féach FO:72, 134 agus Mart Tall:6, 7, 10, 20, 43, 59, 66, 71, 73, 83. Ar chuma ar bith, ní bheifí ag súil le hainm naoimh mar cháilitheoir ar an eilimint BAILE.

cháilitheoir *Balsaran*? Cibé ar bith a tharla, is dhá ainm difriúla iad *Sarán* (gin *Sáráin*) agus *Sárnat* (gin *Sárnaid*). D’fhéadfadh sé gur BAILE + *Sárnaid* is bunús le *Balsaran*, gur séimhíodh agus gur imigh an consan déadach deireadh i léig le himeacht aimsire,¹⁵¹ ach is minice a bhfaighfí SLOINNE i logainmneacha a bhfuil BAILE mar phríomheilimint iontu agus ní sloinne atá i gcáilitheoir an logainm seo.

Tá féidearthacht eile ann. Ós rud é nár frítheadh fianaise ar an logainm seo go dtí an 16ú haois, ag am a bhíodh foirm na litreach *f* agus foirm na litreach *s* an-chosúil lena chéile i lámhscríbhinní, agus ós rud é go bhfuil *Balferne* (2) le fáil in 1540-1 AD agus *Ballyfern* (12) sa bhliain 1786,¹⁵² cuir i gcás, nach í /s/ túslitir an cháilitheora ar chor ar bith, ach /f/, agus cuir i gcás go ndeachaigh an leagan scríofa i gcáipéisí oifigiúla i bhfeidhm ar an bpobal sa chaoi is go mb’fhacthas dóibh gur *s* a bhí san *f*.¹⁵³ De réir an chuid is mó den fhianaise, is cáilitheoir déshiollach atá sa logainm a chríochnaíonn ar ghuta, féach (1) - (11) agus (13).¹⁵⁴ Ó thaobh struchtúir de, bheadh an cáilitheoir sa tuiseal ginideach. Faightear an eilimint FEARN ‘alder’ i logainmneacha na hÉireann agus tá foirm déshiollach aici sa tuiseal ginideach - críochnaíonn sí i nguta neamhaiceanta - féach *Anafarney* (*eanach Fearnaigh* OD) [Ca], Easca na Farna/*Askinfarney* [LG] agus Bealach Farna/*Ballyfarnagh* [MEo] mar shampla.¹⁵⁵ Luann Ó Maolfabhail (2005) logainmneacha i dtíortha na hEorpa a bhfuil an eilimint FEARN le fáil iontu (60-3). Áiríonn sé na samplaí: Farna/*Ferns* [LG], Gleann Farna/*Glenfarne* [Li], Fearnmhaigh/*Farney* [Mu], Gort na bhFearn/*Gortnavern* [DG], Gort na bhFearnóg/*Gortnaveroge*, Ráth Fhearna/*Raharney* [IM], Na Fearnáin [Co], An Fhearnóg/*Fearnoge* [CC], Bealach Farna/*Ballyfarnagh* [MEo], agus Béal Átha Fearnáin/*Ballyfarnon* [RC] atá le fáil in Éirinn ina measc, chomh maith le samplaí as Albain, ón mBreatain Bheag, ón gCorn agus cinn a díorthaíodh ón mBriotánais agus ón nGaillis (*op cit*).

¹⁵¹ Más *Sárnaid* (gin.) an cáilitheoir, ar chaill sé consan caol déadach an ghinidigh *-d#?* (nó *-dh#* nach bhfuil léirithe san ortagrafaíocht), nó, más consan cuimilteach (nó consan séimhithe) a bhí ann, an dócha gur cuireadh isteach guta cúnta ina dhiaidh sin, mar a leanas:

*-*sarnaid*[h] (gin) + cáiliúint *-idh#* > *-*sarna* + guta cúnta > *-*sarana* + cáiliúint *-a#* > *-saran?* Cuirfear sainmhíniú eile ar fad faoi bhráid ar ball.

¹⁵² Ba é Archdall a thairfead *Ballyfern* (12). Cé nach féidir a bheith cinnte cé na cáipéisí a raibh fáil aige orthu, bhíodh seancháipeisí eaglasta aige agus é i mbun pinn, cf. an Réamhrá.

¹⁵³ Ar ndóigh, is consain chuimiltigh neamh-ghlóraithe iad /f/ agus /s/ araon, féach *Feature Theory* (*passim*).

¹⁵⁴ Áirím na foirmeacha corra *-scome* (9), *-scarne* (5), (7) agus *-carne* (6), (8) mar fhoirmeacha déshiollacha.

¹⁵⁵ Faightear an eilimint sna tuiseal ainmneach/ tabharthach freisin: Fearnbeg/*Farnbeg*, *Farmmore* RC, *Farnees* CM, Farnaigh/*Farneigh* TA; faightear leis an mír dhíspeagtha í freisin: Fearnán/*Farnham* Ca, An Fearnán/*Farnane* Lu, Fearnán/*Farnaun* G, An Fearnán/*Farnans* La.

Is fiú mar sin breathnú arís ar an bhfoirm *Belsarne* (13) in ainneoin go bhfuil an túsleitir *s-* ar cháilitheoir na foirme seo, ag cuimhniú go mbíonn BÉAL Galldaithe *Bel*, agus go mbíonn BÉAL ÁTHA galldaithe *Bel/ Bella* i logainmneacha áirithe, mar shampla: *Bella/ Béal Átha* [RC], *Beladd/ Béal Fhada* [La], *Belalt/ Béal Ailt* [DG], *Bellafarney/ Béal Átha Fearna* [SI]. Mar sin, an bhféadfadh sé gurb é *Béal Átha Fearna bunús *Balsaran/ Balferne/ Ballyfern/ Belsarn*? Is fiú a lua anseo freisin gur *Ballyhoe* foirm ghalldaithe an logainm Béal Átha hÓ, paróiste Dhroim Conrach, Baile Shláine Íochtarach [Mí] agus tá BALLY mar chéad-eilimint de *Ballyfern* (12) agus de *Ballycarn alias Ballcarn* (18) a bailíodh as cáipéisí na 18ú haoise agus na 19ú haoise.

Silim go bhfeilfeadh *fearn* ‘alder’ (sa tuiseal ginideach) mar bhunús cáilitheora *Balsaran*, nó mar atá teacht air go stairiúil *Balferne/ Balserne/ Bal[l]sarn[e]/ Bal[s][c]arne/ Ballyfern/ Ballycarn*.¹⁵⁶

Sníonn an Ainí ó thuaidh ar an taobh thoir de *Balsaran*, agus tá fo-abhainn dá cuid mar theorainn thuaidh idir *Balsaran* agus an baile fearainn *Damh Liag*, agus fo-abhainn eile mar theorainn theas leis an mbaile fearainn *Deenes*. Mar sin tá uisce aibhneacha ar thrí thaobh an bhaile fearainn *Balsaran*. Fásann coill sailí/ fearna/ fuinseoige i m*Balsaran* agus is limistéar *carr* atá ann mar a mhíneofar thíos:

Wet willow-alder-ash woodland ... woodlands of permanently water logged sites that are dominated by Willows, Alder or Ash or by various combinations of some or all of these trees. It includes woodlands of lakeshores, stagnant waters and fens known as carr, in addition to woodlands of spring-fed or flushed sites. Carr is dominated by rusty willow and Alder (*Alnus glutinosa*)... Carr occurs on organic soils and fen peats that are subject to seasonal flooding by remaining waterlogged even when flood waters recede.

...

woodlands of flushed or spring-fed sites are typically dominated by Alder or Ash ... This type of woodland occurs on mineral soils or fen peats, and may occasionally be associated with river banks or lakeshores (County Council Publications 2010:42., 3.4.17).

¹⁵⁶ Baintear leas as dhá eilimint éagsúla thall in Albain agus i Sasana, a bhfuil comhchosúlacht foghraíochta acu le *-fern[e]* (2), (12); féach an logainm Albanach *Fernie* in *Fife*, ón nGaidhlic *fearna* + ACH ‘a place of Alders’ (Hanks & Hodges:180), agus *fearn* (> OE ‘fern’) atá mar chéad-eilimint logainmneacha i Sasana (Ekwall:178). Ní dócha gurb í an eilimint Bhéarla FERN atá sa logainm atá faoi chaibidil thuas, mar go mbíonn FERN ina príomheilimint thall, seachas ina cáilitheoir, mar atá in *Balferne/ Ballyfern* i bparóiste Dhamh Liag.

Baineadh leas as fearn chun báid a thógáil, chun píobaí uisce a leagan i dtalamh fliuch nó chun cuailí tógála a ardú sa talamh fliuch.¹⁵⁷ Mar a deir Ó Maolfabhail:

... toisc gur ar thalamh fliuch a fhásann sé seasann an t-adhmad in aghaidh na taise. Ar an ábhar sin tá trácht ar adhmad puball le haghaidh sciatha catha, bróga adhmaid, babhlaí, gléasanna ceoil agus le haghaidh tógáil struchtúr faoi uisce ... (2005:60).

Pléadh thuas na féidearthachtaí gur BAL, BALL, BAILE nó BÉAL ÁTHA a d'fhéadfadh a bheith mar phríomheilimint an logainm seo, agus **fearna* nó **Sárnaid[h]* mar cháilitheoir. Ní saormhalairtí iad seo ámh. Cuirtear i gcás

- (i) gurb é *s* túslitir an cháilitheoir, nó
- (ii) gurb é *f* an túslitir.

Maidir le (i) ní fhaightear an eilimint BALL sa struchtúr BALL + AINM PEARSANTA i logainmneacha. Mar sin ní dócha gurb é **Ball Sárnaid[h]* bunús Gaeilge an logainm - d'fheilfeadh BAILE nó BAL níos fearr mar phríomheilimint don logainm dá mba rud é go raibh sé cáilithe le hAIMM PEARSANTA, cé go mbeifí ag súil le SLOINNE faoin 16ú haois.

D'fhéadfaí an fhadhb a réiteach dá mbeadh rialtacht ag baint leis an gcaoi a leagtar an bhéim ar shiollaí éagsúla an logainm sa chaint, ach tá an iomarca éagsúlachta in urlabhraíocht na ndaoine le bheith cinnte de sin; d'fhéadfaí a áiteamh gur díorthaíodh /bal'sarn/ (20) as **Baile Sárnaidh* agus gur díorthaíodh **Ball Fearna* as /'bal'sarn/ (20). Agus tá an tríú féidearthacht ann .i. gurb é **Béal Átha Fearna* bunús Gaeilge *Ballyfern*. Is dóchúla gurb é (ii) **Ball Fearna* nó **Béal Átha Fearna* bunús Gaeilge *Balferne/ Balserne/ Bal[l]sarn[e]/ Bal[s][c]arne/ Ballyfern/ Ballycarn/ Balsaran* i bhfianaise an dá shampla a bailíodh a bhfuil tús litir *-f* orthu, agus i bhfianaise *Bally* a bheith mar fhoirm Ghalldaithe de *Béal Átha* uaireanta, agus i bhfianaise an mearbhall a bhíonn ann idir *f* agus *s* i lámhscríbhinní uaireanta, agus i bhfianaise nádúr dhúiche an bhaile fearainn a bhfásann fearn inti agus i bhfianaise an éagsúlacht béime atá le sonrú in urlabhraíocht na ndaoine a chónaíonn sa cheantar agus iad ag rá /'bal'sarn/ (*passim*).

Níl ach *Balsaran* amháin sa tír.

¹⁵⁷ Féach an logainm *Atha Fearn*: AD 1030 'Maidhm for Ua Maoleachlainn (*sic*), .i. Concobhar, rias an nGott, .i. Domhnall, dú i ttorchair hUa Cearnacháin tighearna Luighne, & ba hesidhe maidhm Átha Ferna.* * fo-nóta f: *Ath-Fearna* ie Ford of the Alder, now Aghafarnan in the parish of Enniskeen, barony of Lower Kells, and county of Meath' (ARÉ ii:818-820). Is léir go bhfásann fearn go maith ó thuaidh den Bhóinn freisin.

Aguisín

Is focal ón mBreatnais é ‘sarn’ (bain), ‘sarnau’ (iolra) a chiallaíonn ‘causeway’. Tá sé le fáil sna logainmneacha: *Tal-y-sarn* ‘the top of the causeway’, agus *Sarnau* ‘causeways’ (<http://www.ordnancesurvey.co.uk/resources/historical-map-resources/welsh-p-s.html>).

Má bhí tóchar (tógtha le fearn, b’fhéidir) ar cheann de na fo-aibhneacha, an bhféadfadh sé gur chuir na coilínigh ‘sarn’ - focal dá gcuid féin - chun BAILE, BÉAL nó BÉAL ÁTHA a cháiliú a mbeadh ceann de na bríonna a leanas leis: ‘the town of the causeway’ [> BAILE + SARN], ‘the mouth of the causeway’ [> BÉAL + SARN] nó ‘the fordmouth of the causeway’ [>BÉAL + ÁTHA + SARN]? Má chuir, d’fhéadfadh sé gur meascán de na heilimintí Gaeilge BAILE, BÉAL nó BÉAL + ÁTHA agus Breatnais SARN a bheadh sa logainm seo. Más fíor sin, d’fhéadfaí ceann de na díorthaithe ?*Baile Sarn, ?*Béal Sarn nó ?*Béal Átha Sarn a athchruthú don logainm *Bal[l]sarne/ Balferne/ Balserne* nár scríobhadh *Balsaran* dó (ÓD) den chéad uair, ach sa 19ú haois.

Barúntacht: Damh Liag Íochtarach

Paróiste: Damh Liag

[28] **BLACKDITCH** (ainm Gaeilge le deimhniú *logainm.ie*)

Is logainm Béarla é seo (2014)

***An Claí Dubh** (rogha an taighdeora 2014)

- | | | | |
|-----|---------|-------------|--|
| 1) | 1697? | Black Ditch | Old copy of Quit rents:AL 37
(TT <i>logainm.ie</i>) |
| 2) | 1743 | Blackditch | RDD AW i: 297 §679 |
| 3) | 1824 | Black Ditch | HCSV:AL37 (TT <i>logainm.ie</i>) |
| 4) | 1829 | Blackditch | BS:AL 37 (TT <i>logainm.ie</i>) |
| 5) | 1830 | Blackditch | TCB:AL 37 (TT <i>logainm.ie</i>) |
| 6) | 1830-40 | Blackditch | JOD:AL 37 (TT <i>logainm.ie</i>) |
| 7) | 1830-40 | Black ditch | OD:AL (TT <i>logainm.ie</i>) |
| 8) | | Black Ditch | Docket of Gd Jury rates AL 37
(TT <i>logainm.ie</i>) |
| 9) | 1838 | Cloidh dubh | OC:AL 37 |
| 10) | 1838 | Cloidh dubh | <i>Peannluaidhe</i> AL 37 (TT <i>logainm.ie</i>) |
| 11) | 2010 | 'blak'ditʃ | fogharscríobh, Paul Kerby |

Is i bparóiste Dhamh Liag i mbarúntacht Dhamh Liag Íochtarach i gContae na Mí atá cuid den bhaile fearainn *Blackditch* agus is i nDamh Liag Uachtarach atá an chuid eile. Is cosúil le logainm dhá mhíre é – *Black* agus *ditch*. Is i gcáipéis Bhéarla ó dheireadh na 17ú haoise atá an logainm seo le fáil den chéad uair agus níor tháinig aon athrú air ó shin.¹⁵⁸ Deir Duffy:

¹⁵⁸ D’fheilfeadh níos mó taighde ar chialla ‘ditch’, ná mar is féidir a dhéanamh sa tráchtas seo; tá iarsmaí *Pale Ditches* le fáil i gcónaí; deir Goodbody: ‘The word Pale is from Latin ... stake... derive[s] from the method of protective fencing using vertical stakes. ... The land within the Pale ... was known as the maghery and surrounding this was a kind of buffer zone called the march. In 1488 the boundaries of the maghery were defined as stretching from Dalkey to Merrion and then to the Dodder, and on to Saggart, Rathcoole, Killeel, Rathmore, Ballymore Eustace, Naas, Clane, Kilcock and Dundalk In 1494, an Act of Parliament was passed requiring landowners to construct a new line of defense along the borders of the Pale. They were to be assisted by every inhabitant, earth tiller and occupier. This defense was to take the form of a “double ditch of six feet high above ground on one side ... which mireth next unto Irishmen”. What this meant was the construction of a pair of ditches with a high bank between them’ (1993:25). Féach freisin nach bhfuil a fhios go díreach céard a bhí i gceist le *Dry Ditch*, i gcomhthéacs *Salesmore* in Damh Liag sa bhliain 1700: ‘The one half fenc’d with a Dry Ditch the other with a Trench of Water (Forfeited Estates 1700:130). Faightear tagairtí freisin do dhíoganna éagsúla i nDún Dealgan, mar shampla: *the common fosse of Dundalk* (McNeill, Otway-Ruthven 1960:236 §547), *the common ditch* (*ibid*:228 §541), *the town ditch* (*ibid*:227, 229 §541), *the Yellow Ditch* (*ibid*:287 §619), *the double ditch* (*ibid*:269 §595), ‘One tenemt & garden in the same streete wth a perch of the double ditch wth one small

English townland names, concentrated in the Pale region, often tell a story of active colonisation and environmental change for hundreds of years. Burntfurze (two each in Kildare and Kilkenny), Blackditch (ten instances, mostly in Kildare and Meath), Blacktrench ... Redbog ... reflect the process of reclamation of land in the middle ages (2007:67).¹⁵⁹

Is léir mar sin go dtógfaí díoganna ar mhaithe leis an talamh a dhraeneáil agus lena tabhairt chun míntíreachais.

Ní fios an mbaineann an logainm *Deadmansditch* AD 1640, atá luaite i gcomhthéacs dhíscaoileadh na mainistreacha, leis an m*Black Ditch* atá faoi chaibidil anseo, ach is fiú é a lua, ós rud é go bhfuil go leor de logainmneacha ábhartha na leathbharúntachta (atá á bhfiosrú sa tráchtas seo) luaite sa cháipéis úd a bhfuil *Deadmansditch* scríofa inti (Car I 151, Inq Lag).

Faightear tagairt eile don *Black Trench*, a bheadh ó thuaidh de *Blackditch*, i gcomhthéacs Chath na Bóinne 1690 a bhfuil tuairisc áitiúil le fáil air mar a leanas:

In the retreat from the Boyne on the East (or Off Commons) the Jacobites resisted and dug themselves into a kind of slough which to this day is called 'The Black Trench'. Furthermore in this 'Black Trench' there was a local account of a find 80 or 100 years ago of period military equipment and human remains, possibly a soldier's (Samson 1960:58).

Thug O'Connor *Cloidh dubh* (1) mar leagan Gaeilge ar *Blackditch* sa 19ú haois. Cé nár taifeadadh aon leagan Gaeilge de i bparóiste Dhamh Liag roimh an 19ú haois, bhí leaganacha Gaeilge de *Blackditches* le fáil i gContae Chill Mhantáin; féach *claidhe dubh c* 1530 (Price IV:232), *Blackditch alias Cloyduffe* a scríobhadh sna blianta 1663 agus 1680 (*ibid*),¹⁶⁰ agus *Clayduffe* ón mbliain 1833 i bparóiste *Boystown* (*ibid*). Maidir

Crofte without the double ditch aforsd, formerly in the possession of Alexander Mapas nowe wherein Wydowe Tooms nowe dwelleth', AD 1660, (*ibid*:339 §697, uimhir 12) 'a croft without the double ditch (354 §711).

¹⁵⁹ Tá tagairtí ón 19ú haois bailithe ag Price don *Cross of Blackditches*, do *Cross Chapel in Blackditches* agus do *Blackditches Chapel* faoin iontráil *Vallymount* or *Cross*. Is í an tagairt is luaithe a bhailigh sé ná *Cross of Ballymore* a fuair sé in Neville's map of Wicklow AD 1760 (Price IV:233). Mar sin d'fhéadfadh sé go mbaineann *Blackdyche alias Old Blackmore* AD 1587 leis an mbaile fearainn sin i gCill Mhantáin (Eliz 180/119, CI 1991:268-9 (1). Frithéadh tagairt eile sa staidéar seo do *Blakeditche alias Old Ballimore* AD 1603 (Inq. C1 73. Deed. Latin, intent in English, CI 1991:460) agus do *Blakeditche- ?* AD 1326 - tuigim *Black-* ó *Blake* (Reg Alen 198:113b (290). Tugann an *alias* leid dúinn maidir le bunús an logainm; d'fhéadfadh sé gur sheas an *-more* le haghaidh *moor* nó *portach*, go raibh móin dhubh sa phortach agus gurb é sin ba chúis leis an eilimint BLACK.

¹⁶⁰ Féach freisin *Blackdiches land* AD 1590 in *Naas and Maddelyn* (Eliz 199/134, CI 1991:282).

le *Blackditch* i bparóiste *Newcastle Lower*, tá na samplaí *Cloghdowghe* AD 1566 agus *Clowghdowgh* AD 1576 taifeadta dó (*logainm.ie*), chomh maith le *Cloidhe dubh*, a thaifead Ó Donnabháin sa bhliain 1839 (TT *logainm.ie*).

Maidir le BÁC, taispeánann an fhoirm *La Trench* AD 1435 (Mc Neill 1950:240), a d'fhéadfadh a bheith bainteach le *Blackditch* i bparóiste *Baile Formaid* BÁC, gur baineadh leas as leagan Fraincise logainmneacha sa 15ú haois.

Is in iarchontaetha na Páile (*The Pale*) - Cill Dara, Cill Mhantáin, Baile Átha Cliath, agus Contae na Mí a mhaireann an logainm *Blackditch*. Tá sé ar dhá bhaile fearainn i gContae na Mí - an baile fearainn atá faoi chaibidil i bparóiste Dhamh Liag, barúntachtaí Dhamh Liag Íochtarach agus Uachtarach agus *Blackditch* eile atá i bparóiste *Castlerickard*, barúntacht Mhaigh Fionnráithe Uachtarach.

Ní luaitear *Blackditch* in *Foclóir stairiúl áitainmneacha na Gaeilge* (Ó Riain et al 2005), mar ní logainm Gaeilge é. Má táthar le haghaidh é a ghaelú, d'fhéadfaí *An Cláí Dubh a thabhairt air, ar analach leis na foirmeacha *Cloyduffe*, *Clayduffe*, *Cloghdowghe*, *Clowghdowgh* ón 16ú agus ón 17ú haois a luadh thuas.

[29] CARRANSTOWN

[?*] Baile Chearráin¹⁶¹ (*logainm.ie* 2013)

***Baile Uí Chearráin** (rogha an taighdeora 2014)

1)	1381	Kernanston	Cairt 98, Memorandum de Hibernia ICL:295
2)	1384	? Kerraneston	Quit claim, CGR:24, <i>f.18.d.</i> ¹⁶²
3)	1465	Kerraneston	SRPI Ed IV i:414 ¹⁶³
4)	1540-1	Carenston	CSL 1540-1:33
5)	1540-1	Caranston	CSL 1540-1:30
6)	1540-1	Karaneston	CSL 1540-1:198 ¹⁶⁴
7)	1608	Kerranston	J 1 58/36, CI 1991:357
8)	1620	Kerranston x 5	Jac I:46, Inq Lag
9)	1622	Keraneston	A 41, CI 1991:455
10)	1629	Keranston	Deed, <i>ibid</i> 1991:455, 42
11)	1633	Kerranston X 2 Keranston X 2	Car I 83 Inq Lag
12)	1634	Kerranston	Car I 105, <i>ibid</i>
13)	?164[0] ¹⁶⁵	? Ballencarren	Car I 166 ¹⁶⁶
14)	? i ndiaidh 1640	Keranston Kerranston X 2	Car I 157, <i>ibid</i> [Gan dáta] ¹⁶⁷
15)	9 Oct gan bhliain	Kearanston Keranston x 4 Kerranston x 2	Car I 160, <i>ibid</i> [i ndiaidh 1640?] ¹⁶⁸
16)	? i ndiaidh 1640	Kerranston x 2	Car I 161 <i>ibid</i>

¹⁶¹ Níl sé ráite ar *logainm.ie* 2013 cé acu ainm deimhnithe nó neamhdheimhnithe atá an leagan Gaeilge seo.

¹⁶² Gormanston (innéacs CGR: 228). Tá tagairt anseo do *Kerraneston* eile agus an nóta ‘perhaps Rathcarran’ leis (*ibid*)

¹⁶³ Aistrithe *Carranstown* (*ibid*:415).

¹⁶⁴ Nóta san innéacs: Karaneston = Carranstown (420).

¹⁶⁵ Nó ina dhiaidh 1640?

¹⁶⁶ ... de Dullardston, & hered’ suos, de pmiss’ in Ballencarren... atá sa téacs.

¹⁶⁷ Luaitear na dátaí 1586, 1596, 1614 sa cháipéis seo. Tuaraiscítear gur cailleadh W Goulding † 1626 (*ibid*).

¹⁶⁸ Luaitear na dátaí 1586,1601,1606, 1615,1619, 1628 sa cháipéis seo.

- | | | | |
|-----|-----------|---|--|
| 17) | 1654 - 56 | Greate-Curranstowne
Litle/ Little Curranstowne
Carranstowne
Greate Carranstowne X 2
Little Curranstowne X 3
Curranstowne | CS:15, 17
15, 17
16, 17
17
17
48 |
| 18) | 1657 | Great and Little
Corranstowne 1
Great & Little
Carranstown | DS 1:Innéacs <i>Teideal</i> : The County of Eastmeath
<i>fotheideal</i> : The Barony of Dulecke 3
DS 1s:Duleeke & Abby Parrishes by Thomas Clarke.
An exact copy by Dan ¹ O' Brien surv ^{or169} |
| 19) | 1659 | Carrins towne | Census:479 |
| 20) | c1668 | Corranstowne great & little
2
Great & Little
Corranstowne | BSD Index

<i>ibid</i> :2, 1663 sa téacs |
| 21) | 1700 | Great & Little Crownstowne | Forfeited Estates 1700:82 |
| 22) | 1786 | Carranston
[the town of] Carranston | Archdall Mon Hib (White):536, 539
<i>ibid</i> :539 (TT <i>logainm.ie</i>) |
| 23) | 1812 | Curranstown | Co. Map, TT <i>logainm.ie</i> |
| 24) | c1830 | Carranstown | BS:AL 4 (TT <i>logainm.ie</i>) |
| 25) | 1830 | Curraghtown (<i>sic</i>) | TCB:AL 4 (= Tithe Composition
Applotment Book [CN], TT <i>logainm.ie</i>) |
| 26) | 1838 | Carranstown
Carranstown now joined
Caulstown | JOD:AL 4, (TT <i>logainm.ie</i>)
AL:59 = OS/88/36:59, |
| 27) | 1838 | Baile Chearrán | OC:AL 4 ¹⁷⁰ |
| 28) | 1838 | Baile chearrán
'a family' | OD:AL 4, (TT <i>logainm.ie</i>)
Peann luaidhe AL 4 ¹⁷¹ |
| 29) | 2008 | Baile Chearráin | TC <i>logainm.ie</i> . |
| 30) | | Curranstown | Docket for Gd Jury rates:AL 4 (TT <i>logainm.ie</i>) |
| 31) | 2010 | 'carəns̩ təun | fogharscríobh, Paddy Lenihan |

Is i bparóiste Dhamh Liag/*Duleek* i mbarúntacht Dhamh Liag Íochtarach, Contae na Mí atá an baile fearainn *Carranstown*. De réir Uí Dhonnabháin, ba chuid de *Caulstown* é sa

¹⁶⁹ Féach freisin AL 4, OS/88/36:4 sa CN agus TT *logainm.ie* 2013.

¹⁷⁰ Tá síneadh fada ar lár ar TT *logainm.ie* 2013.

¹⁷¹ B'fhacthas dom go raibh síneadh fada ar an siolla deiridh san AL.

bhliain 1838, féach (26). Is cosúil le logainm dhá mhíre é – *Carran* agus TOWN le mír shealbhadh an Bhéarla eatarthu. Tá leaganacha éagsúla le fáil de chéad eilimint an logainm. *Kernan-* (1),¹⁷² *Ker(r)an-* (2), (3), (7) - (15), *Karan-* (6), *Kerin-* (11), *Kearan-* (15), *Caren-* (4), *Car(r)an-* (5), (17), (18), (20), (22), (24), (26), *Carrin-* (19), *Curran-* (17), (23), (30), *Corran-* (18), chomh maith leis na foirmeacha corra *Crown-* (21) agus *Curragh-* sic (25). Is iad *-ton/ town(e)* leaganacha na dara heiliminte. Is iad *-s- /-es-* foirmeacha na míre sealbhaí atá idir cáilitheoir agus TOWN. Is léir gur roinneadh an baile fearainn ina dhá chuid sa 17ú haois, mar gur tugadh *Great[e] and Lit[t]le Curran/ Carran/ Corran/ stown[e]* air (17), (18), *Corranstowne great & little* (20) an t-am sin. Ní thagann an fhoirm *Great & Little Crownstown* (21) le bunáite na fianaise. Cé gur foirm an-chorr í, fágadh sa Tábla í, toisc gur shíl eagarthóirí na foinse, gur bhain foirm sin an logainm leis an mbaile fearainn atá á fhiosrú anseo.

Níl difríocht fhóinéimeach idir [k] agus [k'] sa Bhéarla ná sa Laidin agus mar sin níl aon bhealach acu le haghaidh cáilíocht chonsan leathan nó chaol na Gaeilge a chur in iúl. Is mar *#Ke-* a frítheadh foirmeacha na príomheiliminte i gcáipéisí Laidne na 14ú haoise agus arís i gcáipéisí Laidne na 17ú haoise, féach (1), (2), (3), (7) - (12), (14), (15), cé go bhfuil dornán samplaí a bhfuil *#Ca-/ #Ka-* le fáil iontu sa 16ú haois, féach (4), (5). Faightear *#Cu-/ #Ca-/ #Co-* sna cáipéisí Béarla a scríobhadh ó lár na 17ú haoise i leith, féach (17) - (25), (29). Is cosúil gur díorthaithe ón sloinne *Kerrane* atá foirmeacha an cháilitheora *Ker(r)an-* (2), (3) (7) - (12), (14) - (16), agus *Kearan-* (15). Deir Woulfe:

Ó Cearáin *Kerrane, Kirrane, Kearon, Kearons...*
a corruption (or older form) of Ó Ciaráin ...(1923:458).¹⁷³

Frítheadh foirm stairiúil amháin ón 17ú haois a bhfuil cuma na Gaeilge uirthi, féach *Ballencarren* (13) thuas. Luaitear an fhoirm seo i gcáipéis a bhfuil *Dullardston* luaite inti freisin. Níl aon logainm cosúil le *Ballencarren* i gCill Dara (an contae eile a bhfuil *Dullardston* le fáil ann), mar sin, b'fhéidir gurb é *Carronstown*, Damh Liag Íochtarach atá i gceist leis an m*Ballencarren* seo. D'fhéadfadh sé go bhfuil an struchtúr Gaeilge BAILE + Uí + *Carren* ceilte san fhoirm *Ballencarren*, má léitear an

¹⁷² D'fhéadfadh sé gur sciarradh pinn nó botún cló is cúis leis an gcéad *-n-* de *Kernanstown* (1).

¹⁷³ 'common in Mayo' (Woulfe 1923:466). An ndeachaigh daoine a raibh an sloinne seo orthu siar go Maigh Eo i ndiaidh theacht Chromail?

-n- sa lár mar -u,¹⁷⁴ ach ar ndóigh, d'fhéadfadh sé gur as BAILE + AN + C... a díorthaíodh é.

Cuireadh struchtúr na Gaeilge BAILE + SLOINNE (sa tuiseal ginideach) ar an logainm, agus tugadh aitheantas do thúschonsan caol na heiliminte *Ke(a)r(r)an* i bhfoirmeacha Gaeilge na 19ú haoise, féach #*cherrán/ #Chearrán* (27), (28), chomh maith le leagan Gaeilge na tréú mílaoise *Baile Chearráin* (29). Tá réamhshamplaí luatha den logainm le fáil in áiteanna eile sa tír agus iad faoi struchtúr na Gaeilge, féach *Balicarran* (> ?*Baile Uí Chearráin) atá luaite in ionchoisne Chluain Meala sa bhliain 1282 (CDI 1252-1284:425)¹⁷⁵ agus *Balykeryn* (> ?*Baile Uí Chearráin) Port Láirge, a frítheadh i gcáipéis a scríobhadh sa bhliain 1289 (CDI 1285-1292:223).¹⁷⁶ Ar ndóigh, seasann *Bali-/ Bally-* don eilimint BAILE sna logainmneacha sin.

Tharla sé gur athraigh -er go -ar i gcás an tsloinne Sasanach *Carr* > *Kerr* le linn tréimhse an Mheán-Bhéarla (Hanks & Hodges:294)¹⁷⁷ agus tá an t-athrú céanna le feiceáil i gcás *Carranstown*. Athraíodh *Ke(a)r(r)an* go *Carran/ Carron* sa 16ú haois. Ba í an tagairt is luaithe don sloinne san fhoirm *Carron* a frítheadh don staidéar seo, ná *Walter Carron*, a bhí ag easpórtáil olann go mídhleathach sa bhliain 1531 (Hen VIII 61/97, CI 1991:33).¹⁷⁸

Cé nach bhfuil ach *Carranstown* amháin sa tír, tá dhá *Keranstown* inti go comhaimseartha. Is i gContae Dhún na nGall atá ceann díobh agus is i gContae Cheatharlach atá an ceann eile.¹⁷⁹

Ní luaitear aon leagan de *Carranstown* in FSÁG 2005.

¹⁷⁴ Bheadh -n-scríofa in áit -u de bharr míléimh nó míthuiscint ar nósanna scríobhaithe, agus tras-scríobh ar bun. Pléadh seo sa Réamhrá.

¹⁷⁵ Bhí *Richd. de Balicarran* mar dhuine de dháréag giúróirí i gcás faoi ghiota talún i gContae Chill Chainnigh (*passim*).

¹⁷⁶ *Of rent of Balykeryn, Lispochem, and Liskassell ... Robt de Stapleton £9.0.0 (passim)*.

¹⁷⁷ Féach freisin Dobson 1968:726 §201 (a)

¹⁷⁸ Faightear an sloinne *Carron* i gContae Mhuineacháin go comhaimseartha atá díorthaithe ón gcineál *Mac Cearáin* as Tír Chonail. Is cosúil gur díorthaíodh an sloinne *Mac Carron/ Carroon* ó *Mac Carrghamhna* (MacLysaght [1957] 1985:38).

¹⁷⁹ Frítheadh tagairt stairiúil do *Keranston* i bparóiste *Kilaconnigan* [IM] in AD 1596 freisin (Eliz 229/153 CI 1991:301).

[30] CAULSTOWN

*Baile Chathail (rogha an taighdeora 2014)

- | | | | |
|-----|------------------------|---------------------------------------|--|
| 1) | 1290 | the land of Villa Kathil | Charter, CGR:49, <i>f. 58 d.</i> ¹⁸⁰ |
| 2) | c1300 | the land of Villa Cathyl | Charter, <i>ibid</i> :50, <i>f. 59.</i> |
| 3) | 1325 | the land of the Cathil | Quit-[claim], <i>ibid</i> :50, <i>f. 61.</i> |
| 4) | 1341 | the land of the Cathil | Quit-claim, <i>ibid</i> :51, <i>f. 61 - f. 61d.</i> |
| 5) | 1381 | Calyston | Cairt 98, ICL:296 (<i>Teideal</i> 289) |
| 6) | 1540-1 | Caleston | CSL 1540-1:32 (<i>Teideal</i> 27) |
| 7) | 1540-1 | Calliston | IMP White:314 |
| 8) | [1554-57] | Calestown 1
Caalestown | DS:Innéacs
Duleeke & Abby Parrishes by Thomas Clarke
An Exact copy by Dan ^l O Brien Surv ^f |
| 9) | 1587 | Caleston | Deed, A 35, CI 1991:453 (ii) |
| 10) | 1608 | Coleston or Caleston
Caleston | J 1 58/36, Deed CI 1991:358, (4)
<i>ibid</i> (5) |
| 11) | 1618 | ? Cawleston ¹⁸¹ | Jac I 24 <i>ibid</i>
(?= Inq J I:AL 3 TT <i>logainm.ie</i>) |
| 12) | i ndiaidh
1640 | ? Caelston al' Cathelston
Caelston | Car I 161, Inq Lag ¹⁸² |
| 13) | idir 1625
agus 1649 | Calveston | Inq. temp Car I, AL :3 (TT <i>logainm.ie</i>). |
| 14) | 1628 | Cahelstowne | Car I 40 Inq Lag |
| 15) | 1654-56 | Callestowne [The
Abbey Parish] | CS:25 |
| 16) | 1657 | Calestown Calestowne | DS 1 |

¹⁸⁰ 'Caulstown – land of the Cathil - land of Villa Cathyl - Kathil (Co Meath)' (innéacs: CGR:215).

¹⁸¹ Is *Cawleston* eile é seo sílim, mar tá sé luaite leis an *maner' de Killeen*. Tá *Cawleston* eile i gCD.

¹⁸² Tabharfar giota den téacs anseo, mar is deacair cinneadh a dhéanamh an mbaineann sampla (11) thuas go cinnte leis an logainm *Caulstown* nó nach mbaineann: 'Rob Rochford nup de Kilbryde, seis fuit de ... Arrybothan al' Bohanston al' Hardbohan, & Staffordston & Brownston juxta Moyglare 10 mes' & 360 acr, ... Caelston al' Cathelston & Ballymaccolly-Rochfort 6 mes' & 120 acr', ... Donnaghtayne 4 mes' & 80 acr', Wrighton 2 mes' & 30 acr', in Trim 5 mes' & ... Brownston juxta Trim ... Drumlargin & Donaghtaine ... Rob Rochford ... Wil' Rochford de Kerranston Tho Hamlin de Smithston, Ric' Caddell de Nall, Walter Dongan de Castleton-Kildragh mil' & Baronet' ... Tho' Ellyott de Ballreske ... Caelston & Ballymaccolly tenentr de Edm' baron' de Dunboyne ...' (*op cit*).

		Caalestown	Is 13 Duleeke & Abby Parrishes by Thomas Clarke. An Exact copy by Dan ^l O Brien Surv ^r
		Calestowne	Nóta ar an Is ¹⁸³
		Calestown	
17)	1655-59	Calestowne	Is BN, Goblet:121
18)	1659	Cales towne	Census:479
19)	c1668	Calestowne 2	BSD Index
		Calestowne	<i>ibid</i> 2, 1663, 1666 sa téacs
20)	c1672	Culestowne (<i>sic</i>)	Is HD, Goblet:121
21)	c 1685-8	?Calweston ¹⁸⁴	?Jac II:AL 3
22)	1700	Caulstowne	Forfeited Estates 1700:82
23)	1786	Calleston alias	Archdall Mon Hib (White):536
		Carreston	dúch dearg AL:59 (AL OS/88/36:59).
		[Carranstown now joined] Caulstown	
24)	1812	Callstown	Co. Map:AL 3 (TT <i>logainm.ie</i>)
25)	1829	Callstown	BS AL:3 (183) (TT <i>logainm.ie</i>)
26)	1838	Galaston	pl AL:3 (TT <i>logainm.ie</i>)
27)	1838	Callstown	pl AL (TT <i>logainm.ie</i>)
28)		Callstown	Docket for Gd Jury rates:AL 3
		Coalstown <i>recte</i>	Scríofa <i>Coalstown</i> go hearráideach ar
		Callstown	TT <i>logainm.ie</i>
29)	1835/6 revised 1899	Caulstown	Is SO
30)	1838	Callstown Ho	Rev E Bathy AL 59 [drochpheannaireacht]
31)	1838	Caulstown	TCB AL:3 (TT <i>logainm.ie</i>)
32)	1838	Caulstown	JOD (corr):AL L 3 (TT <i>logainm.ie</i>)
		‘Cawle a family name’	Nóta Béarla ag ÓD ar an ainmleabhar
33)	2009	'ka:ləʃ təun	fogharscríobh, Paddy Lenihan

¹⁸³ Seo téacs an nóta: Calestowne ‘Memorand^m That the towneland of Corballis and Calestown are not to be found by the Admeasurers ...’ (*ibid*).

¹⁸⁴ Sílim gur tagairt mhíchruinn í seo. Is é Car II a bhí i mbun réime ó 1660 - 1685. Ta cáipéisí le *Gul* agus *Mar* le fáil ón mbliain 1690 go 1694 in eagrán Hardiman 1826 de Inq Lag.

Is i bparóiste Dhamh Liag i mbarúntacht Dhamh Liag Íochtarach i gContae na Mí atá an baile fearainn *Caulstown*. De réir Mills & Mc Enery (1916) tagraíonn *Villa Kathil* (1)/ *Villa Cathyl* (2) sa téacs Laidine do *Caulstown*. Is cosúil le logainm dhá mhíre é *Caulstown* .i. *Caul* agus TOWN agus mír shealbhach an Bhéarla eatarthu. Is iad leaganacha éagsúla an cháilitheora a frítheadh scríofa ón 14ú haois i leith ná *Cal-* (5), (6), (8), (9), (10), (16) - (19), *Call-* (7), (15), (23) - (25), (27), (28), (30), *Caal-* (8), (16) *Cael-* (12), (beidh a thuilleadh plé faoi *Cael-* agus *Caal-* thíos), *Caul-* (22), (29), (31), (32), *Cawl-* (11), *Col-* (10), *Calv-* (13), agus *Cul-* (20).

Tugadh dhá leagan i bpeann luaidhe san AL, ní a léiríonn go raibh níos mó ná bealach amháin chun an logainm a rá sa bhliain 1838; d'fhéadfadh sé gur urú ar thús litir #C- (ón nGaeilge) is cúis leis an #G- san fhoirm *Gal-* (26), agus tharlódh gur guta cúnta atá roimh an -s sealbhach *Galas-* (26) san fhoirm chéanna.¹⁸⁵ Taifeadadh litrithe éagsúla don logainm in aimsir Shéamais I, féach *Col-/ Cal-* (10) agus *Cawl-* (11). Sílim gur scríobhadh *Coleston* (10) go hearráideach, mar tá *Caleston* (10) le fáil faoi dhó sa cháipéis chéanna. D'fhéadfadh sé gur foirmeacha earráideacha iad *Calv-* (13) agus *Calw-* (21), mar ní réitíonn siad le bunáite na fianaise. Is cosúil le botún cló é *Cul-* (20), mar ní thagann an fhoirm sin leis na foirmeacha eile atá marcáilte ar léarscáileanna na tréimhse .i. DS (16) agus BN (17). Maidir le *Calleston alias Carreston* (23), tugann an *alias* leid dúinn, go mb'fhéidir go raibh muintir *Carr* lonnaithe san áit roimh mhuintir *Calle* san 18ú haois. Is suimiúil go bhfuil na foirmeacha *Kathil* (1), *Cathyl* (2), *Cathil* (3) agus *Cahel-* (12) scríofa don cháilitheoir, a bhfuil cuma tras-scríobh ón nGaeilge orthu agus beidh tuilleadh plé orthu sin ar ball.

Is iad *-ton(e)/ town(e)* leaganacha na príomheiliminte (féach Caibidil 3, **7**, **7.1**, **7.3**). Is iad *-ys- /-es-/ -s-* foirmeacha na míre sealbhaí a nascann cáilitheoir agus príomheilimint le chéile.

Baineann na foirmeacha (5) - (32) atá cláraithe thuas leis an gceathrú dheireanach den 14ú haois agus leis na 16ú, 17ú, 18ú agus 19ú haoiseanna, ach is í an fhoirm *Villa Kathil* (1), a scríobhadh sa 13ú haois, agus *Villa Cathyl* a scríobhadh mar leagan de le malairt litrithe sa chéad leath den 14ú haois, féach (2), (3), (4) na samplaí is luaithe den logainm a frítheadh don staidéar seo.¹⁸⁶

¹⁸⁵ Ní bhíonn sé soiléir i gcónaí ar leaganacha a bailíodh ó mhuintir na háite a bhíonn scríofa sna hAinmleabhair i bpeann luaidhe nó le dúch i gcás logainmneacha Dhamh Liag Íochtarach, cf. an Réamhrá.

¹⁸⁶ Scríobhadh [an *alias*] *Cahelstowne* (11) sa 17ú haois. Féach freisin go bhfuil tagairtí stairiúla do na foirmeacha *Kale/ Cale* agus *Cathil* a thagraíonn do dhá áit éagsúla eile i gContae na Mí .i. 1606-7 AD:

Tá cuma an ainm choitianta Ghaelaigh *Cathal* ar an eilimint *Kathil/ Cathyl/ Cathil* (2), (3), (4), agus dealraíonn sé go ndearna an scríobhaí iarracht cáilíocht chonsan caoil (a léiríonn ginideach na Gaeilge) a thabhairt leis san ortagrafaíocht Laidine, nuair a scríobh sé *-il#/ -yl#* i ndeireadh *Kathil/ Cathyl/ Cathil*, agus an eilimint sin ag leanúint an fhocail *Villa* sna cáipéisí a bhfuil *Kathil/ Cathyl/ Cathil* iontu.

Tá nasc cinnte déanta idir *Cael-* agus *Cathel-* sa 17ú haoise, féach *Caelston al' Cathelston* (11) agus is dócha gurb é an t-ainm *Cathal* is bunús leis sin chomh maith. Tharlódh go léiríonn an litriú *Cael-* (11) tras-scríobh in ortagrafaíocht an Bhéarla ar an ainm *Cathal*. Tharlódh gur litriú an Bhéarla atá le sonrú ar *Caal-* (8) freisin agus gur foirm eile Ghalldaithe ar *Cathal* atá ansin. D'fhéadfaí a áiteamh gur tháinig na samplaí *Cal-/ Cael-/ Caal-* chun cinn de bharr gur cailleadh an *-th-* lár san ainm *Cathal* i gcanúint na ndaoine, forás atá coitianta sa Ghaeilge (Ó hUiginn 1994:547, 2.5).¹⁸⁷

Maidir le *Caul*, is sloinne Sasanach é a d'fhorbair as *Call*, *Caules*, a d'fhéadfadh a bheith díorthaithe ó Mheán-Bhéarla nó ón bhFraincis (Reaney & Wilson 1958:62).¹⁸⁸ Bhí an sloinne *Calle* le fáil i gContae na Mí go luath sa 14ú haois - féach go raibh cás dlí ann (a bhain le sealbh na ndeachúna) idir *Will. Calle, Alice de la Ryuere, Walter de la Ruuere* agus *Ph. de Neruill parson of the church of Balyonastic*. Riarraigh an giúiré go bhfaighfeadh an *Prior of Dyuelek* na deachúna (CJI 1305-1307:171). Tá tagairtí eile do dhaoine leis an sloinne *Kalle/ [de] Calle* orthu sa 14ú haois; d'fheidhmigh *William Kalle* mar fhinné sa bhliain 1319 (CGR:51, f. 60 d.); ainmníodh *William Calle/ William de Calle* i ngníomhas scor-éilimh (*Quit-claim*) a bhain le deachúna na *messuages* i nDroichead Átha sa bhliain 1331 (CGR:74, f. 91, f. 91d) agus luadh *William Calle* mar fhinné sa bhliain 1342 i ngníomhas a bhain le talamh i dtionóntán Dhamh Liag (CGR:51 f. 60 d).

Tugtar faoi deara gur ardaíodh agus gur fadaíodh an guta i gcáilitheoir an logainm, de réir phróiseas inmheánach forbartha an Bhéarla ní foláir (Dobson ii,1968,

'**Kaleston** & Ballymacolly in co. Mid; ... Smytheston ... Nall ... Walter Dongan de Castleton-Kildrought ... Balreske ... Smitheston... **Cathilston sive Cahilston in baronia de Donboyne**' (Inq Lag). Faoin am sin, an 17ú haois, bhí struchtúr an Bhéarla ar fhoirmeacha uile an logainm .i. AINM/ SLOINNE + mír shealbhach + TON.

¹⁸⁷ Is fiú a rá anseo freisin go ndéirítí *Call-* mar /kal/ go dtí an 17ú haois.

¹⁸⁸ Tá ciall amháin ag *calle* sa Bhéarla agus ciall eile aige san Fhraincis - féach *Swanus Calle* AD 1275 (*calle* > Meán-Bhéarla, *cale* > Fraincis 'a close fitting cap worn by women' metonymic for caller') (1327 NED) agus *Walter atte Calle* 1307 (> Meán-Bhéarla 'sheepfold' hence 'shepherd' (1483 NED) (*op cit* 1958:62). Bhí an sloinne i LG deireanach sa 13ú haois, féach an tagairt do *Willm de Calle* AD 1286, Wexford (CDI 1285-1292: 99).

§60, (2):553)¹⁸⁹ agus a rian sin le feiceáil ar fhoirmeacha stairiúla an logainm, ach tharla an fhorbairt sin i bhfad ní ba dheireanaí i gcás *Caulstown* i bparóiste Dhamh Liag, ná mar a tharla i Sasana.

Bhíodh an logainm *Balicathel/ Balycathelan* ar áiteanna eile ag tús na 14ú haoise. Féach go bhfuil tagairt do *Balicathel* (? BÁC) sa bhliain 1308 (CJI 1300-1314:112, 8 July), a bhfuil *Bali* agus *cathel* le sonrú ann. Faightear tagairtí do *Balycathelan* i Luimneach AD 1301 (CDI 1302-1307:322), agus do *Balycathelan* i gContae Phort Láirge AD 1307 freisin (CDI 1293-1301:377) a bhfuil na heilimintí céanna iontu, *Bali-/ Baly-* +*cathel* (agus tá mír dhíspeagtha na Gaeilge *-an# > -án* le sonrú iontu freisin).

Taifeadadh an fhoirm *Baliokathill* sa bhliain 1283, ar áit a bhí i dtionóntán *Brownstown* i gContae na Mí (CDI:1252-1284:477, 2070) agus tá an chuma ar an bhfoirm sin, gur díorthaithe ón struchtúr Gaelach BAILE + Ó + Cathal atá sí. Bhíodh an paróiste *Brownstown*, Damh Liag Íochtarach suite siar ó *Kentstown* agus ó *Veldonstown*, de réir an CS (42) atá siar ó dheas ón mbaile fearainn *Caulstown*.¹⁹⁰ Bhí teacht ar an bhfoirm *Balicathel* ?BÁC (*passim*) freisin sa tréimhse ama céanna agus a scríobhadh *Villa Cathyl* srl, .i. ag tús na 14ú haoise. Ní fios ar baineadh leas as an bhfoirm Laidine *Villa Cathyl/ Cathil* sa chaint go comhaimseartha, nó nár baineadh.¹⁹¹ Tugtar faoi deara gur mar a chéile atá ord na n-eilimintí i struchtúr an logainm sa Laidin *Villa Cathyl* agus sa Ghaeilge *Balicathel*, ach ní hé **Balicathel* ach *Villa Kathil/ Cathyl* a scríobh na coilíní in i gcás *Caulstown*, paróiste Dhamh Liag.

Caithfear an cheist a chur an mbeadh sé dóchúil, gur **Baile Chathail* a bhíodh ar *Calyston/ Caleston/ Calliston* (*Caulstown*) sa 12ú nó sa 13ú haois sular tugadh *Villa Cathyl/ Cathil* air, nó an bhféadfadh sé gur tugadh **Baile Chathail* air ina dhiaidh sin, ach nach bhfuil taifead againn de sin? Sílim nach dócha é, mar go bhfuil fianaise ann gur bhain na coilíní leas as VILLA nó as BALI > BAILE sa 13ú haois i nDamh Liag Íochtarach, mar a fheicimid i gcás *Villa Kathil/ Cathyl* (1), (2) agus i gcás *Ballymagarvey* [1] agus *Ballymad* [3], féach Caibidil 3, 7.1, 7.7, 7.8).

Ar ndóigh, níl túsfhóinéim ná fóinéim dheireanach an ainm Ghaelaigh *Cathyl/ Cathil* neamhchosúil le fóinéim inchurtha an tsloinne Shasanaigh/ Fhrancaigh *Call/ Calle/ Cael/ Caul* agus nuair a bhreathnaítear ar fhianaise na bhfoirmeacha stairiúla atá

¹⁸⁹ ‘In late ME, about or shortly before 1400, ME [a] developed to au before a back (‘dark’) [l], ie before *ll* or *l* plus consonant.’ (*op cit*).

¹⁹⁰ Cláraíodh an t-ainm *Brownstowne* ar pharóistí eile i gContae na Mí sa CS sna barúntacht Ráth Tó/ *Rathtooth*, (*sic*) Ceannanais/*Kells* agus Baile Shláine/ *Slane* freisin (111, 318, 374).

¹⁹¹ Meabhraítear go bhfuil teacht ar *Villa Kathil* deich mbliana roimh thús na 14ú haoise, féach (1). Pléifear croineolaíocht VILLA, BAILE agus TON/ TOUN/ TOWN[E] i gCaibidil 3, 8 - 8.8.

cruinnithe sa Tábla thuas, is léir go mbíodh an fhoirm *Kathil/ Cathyl/ Cathil* ar an gcáilitheoir ar dtús, agus gur athraigh sí go *Cal-/ Caal-/ Call-/ Caul-/ Cawl-* níos deireanaí.

Caithfidh sé go ndeachaigh *Villa Kathil/ Cathyl/ Cathil* faoi anáil an tsloinne Shasanaigh/ Fhrancaigh *Call/ [Calle]* /ka/, tar éis an *-th-* láir a cháilliúint (Ó hUiginn *passim*), mar go bhfuil fianaise ann go raibh an sloinne sin i gContae na Mí agus mar go mba shin í an fhoirm den cháilitheoir a fhaightear i bhfianasie an logainm. Dréachtaíodh Statúidí Chill Chainnigh sa bhliain 1366 agus tharlódh go raibh tionchar acusan ar an athainmniú seo. Ar chuma ar bith, dealraíonn sé gur tháinig muintir *Cal/ Call[e]* i gcomharbacht ar mhuintir Chathail in *Villa Kathil / Villa Cathyl / Calyston / Caleston / Calliston/ Caleston / Caelston al' Cathelston / Caalestown / Callstown / Caulstown*.

Mar achoimre: tharlódh gur chuala na Normannaigh an t-ainm **Cathal* agus gur úsáid siad é mar eilimint sa logainm *Villa Kathil* i dtús báire. Is mar *Cal-/ Cael-/ Caal-* a scríobhtaí i gcáipéisí na gcoilíneach ina dhiaidh sin é. Bhí coilínigh a raibh an sloinne *Call(e)* orthu thart sa 13ú haois agus baineadh leas as an sloinne sin sa logainm go hiartheachtach. Le himeacht aimsire d'athraigh an sloinne *Call(e)* go *Caul* de bharr phróiseas inmheánach forbartha fóineolaíochta an Bhéarla (cf. fonóta 189). Mar sin, d'fhéadfadh sé go léiríonn foirmeacha stairiúla an logainm .i. *Kathil/ Cathyl/ Cathil/ Cathel* (> claontuiseal den ainm *Cathal* in *Villa Cathyl* srl) agus *Caul-* (atá díorthaithe ón sloinne *Call/ Calle*) dhá thraidisiún logainmníochta na háite. D'fheilfeadh **Baile Chathal* mar leagan Gaeilge ar *Caulstown*.

Tá dhá bhaile fearainn eile i gContae na Mí, a bhfuil *Caulstown* orthu, chomh maith leis an mbaile fearainn atá faoi scrúdú anseo.¹⁹² Is i mbarúntacht Dhamh Liag Uachtarach (paróiste Dhamh Liag) atá ceann acu (*logainm.ie*),¹⁹³ agus is i bparóiste Dhún Bóinne, barúntacht Dhún Bóinne atá an *Caulstown* eile (*logainm.ie*).¹⁹⁴

¹⁹² Is cosúil go raibh áit darbh ainm *Caulistone* i *Skrine* (paróiste Scrín) sa bhliain 1620 (Jac I:41, Inq Lag) freisin, nach ann di níos mó.

¹⁹³ Tá an *Caulstown* eile seo (atá i mbarúntacht Dhamh Liag Uachtarach/ *Upper Duleek*) marcáilte ar chóip na léarscáile a rinne Daniel O'Brien de léarscáil an DS a tharraing Thomas Clarke - féach ls: *Duleeke and Abby Parrishes*. Is iad *Calestowne* agus *Caalestowne* na foirmeacha atá scríofa uirthi sin.

¹⁹⁴ Féach freisin gur luadh an fhoirm stairiúil *Caulistone ppe Skrine* in AD 1620 (Jac I:41, Inq Lag).

[31] CLONLUSK¹ ainm Gaeilge le deimhniú *logainm.ie*

*Cluain Lusca (rogha an taighdeora 2014)

1)	1654-56	Clonluske	CS:15
		Clonlusk	21
		Clontusk (<i>sic</i>)	48 ²
2)	[1654-57]	Clouloske	DS 1 Innéacs
		Clonlusk 22	Duleeke & Abby Parrishes by Thomas Clarke. An Exact copy by Dan ¹ O Brien Surv ^{r3}
3)	1657c	Clunluske	Hib Reg. <i>logainm.ie</i>
4)	1829 *	Clonlusk	BS:AL 183 <i>logainm.ie</i>
	c1830		TS:*1829, TT: c1830
5)	1830-40	Clonlusk	TCB:AL, <i>logainm.ie</i>
6)	1830-40	Clonlusk	JOD :AL, <i>logainm.ie</i>
7)	1836	Clunlusk	Peann luaidhe AL: <i>logainm.ie</i>
8)		Clunlusk	GJ rates (Old copy):AL, <i>logainm.ie</i>
9)		Cloonelusk	Quit rents (Old copy):AL <i>logainm.ie</i>
10)		Cluain lusc	TS <i>logainm.ie</i>
		‘lawn or meadow of the cave’	AL:OD dúch
11)	2014	'klan'lusk	fogharscríobh, Jim Curley

Is i bparóiste Dhamh Liag i mbarúntacht Dhamh Liag Íochtarach i gContae na Mí atá an baile fearainn *Clonlusk*. Is cosúil le logainm dhá mhíre é, *Clon-* agus *-lusk*. Is iad *Clon-* (1), (2),⁴ (4), (5), (6), *Clun-*(3), (7), (8), *Cloone-* (9), malairt leaganacha litrithe na chéad eiliminte agus is iad *-lusk(e)* (1), (3) - (9) agus *-loske*, (2) malairt litrithe an dara heilimint sna cáipéisí Béarla. Tá an chuma air, gur scríobhadh an fhoirm *-tusk* (1) trí thimpiste. Níor frítheadh aon leagan den logainm seo in aon cháipéis Laidine.

¹ Níl aon tagairt do *Clonlusk* in Goblet - BN ná HD - cé go bhfuil *Clonlusk* i bparóiste *Kilkerdeen*, Gaillimh luaithe san fhoinsé sin.

² Ní foláir gur botún cló nó tuaiplis scríobhaí atá sa *-t-* in *Clontusk*.

³ Is baile fearainn an-bheag é seo. Tá ‘Clonlusk Peter Hughsey (?) Ir. pa. 18-2-0’ scríofa i nóta ar bharr na léarscáile.

⁴ Glacaim leis gur botún peannaireachta, nó míléamh lámhscríbhinne is cúis leis an leagan corr *Clou-* (3).

Is eilimint an-choitianta i logainmneacha í *clon/ cloon* nár pléadh in FSÁG go fóill.⁵ Is cosúil gurb é an focal **cluain** (i [stem] m[asculine] later f[eminine] (DIL) is bunús leis an gcéad eilimint.

Tá dhá fhocal ann óna bhféadfadh an dara heilimint a bheith díorthaithe, agus pléifear iad sin thíos.

Cé gur aistríodh *cluain* go *pratium* sa Laidin agus do ‘lawn’ nó ‘meadow’ sa Bhéarla:

Its exact meaning ... is a fertile piece of land, or a green arable spot, surrounded or nearly surrounded by bog or marsh on one side, and water on the other (Joyce 1869:233)⁶

agus deir Flanagan & Flanagan gur ‘pasture-land’ atá i gceist le *clon/ cloon* (2002:56-7). Rinne Ó Cearbhaill (2010) staidéar mór ar an eilimint CLUAIN i logainmneacha Thiobraid Árann, contae ina bhfuil 90 díobh le fáil. Deir sé:

Nuair a chuirtear le chéile na **Cluain**-ainmneacha uile i gCo. Thiobraid Árann atá taobh le suíomh eaglasta, nó ar láithreacha eaglasta iad féin - 43 logainm san iomlán ... agus nuair a chuirtear san áireamh, ina theannta sin, an líon ard ainmneacha mainistreacha ina bhfaightear **Cluain** ... is é is dóichí gur chuid de thalamh (féaraigh) na láithreacha eaglasta iad na cluainte sin.

Talamh taobh le bealach uisce atá i bhformhór na logainmneacha dar céad eilimint **Cluain** (64 logainm...) agus i gcás a leath nach mór, portach nó ithir fhliuch a bhí i gcuid den talamh... San iomlán, níl ach 9 logainm as 90 dar céad eilimint **Cluain** nach bhfuil, nó nach raibh, portach ná talamh fliuch ná sruthán ná loch iontu (17).

Maidir le *-lusk*, tá dhá fhocal Gaeilge ann a d’fhéadfadh a bheith mar bhunús leis; is iad sin *lusca*, (gin *luscan* (DIL), *lusca* go comhaimseartha) leis an gciall ‘underground’ nó ‘dwelling’⁷ agus *loscadh* (ginideach *loiscthe*) leis an gciall ‘burning’. Is féidir argointí a dhéanamh go bhfeilfeadh ceachtar den dá mhíniú do cháilitheoir an logainm atá faoi scrúdú anseo ar chúiseanna éagsúla .i.

(i) gur áit faoi thalamh atá i gceist le *-lusk*, nó

⁵ Tá teacht ar thart ar 1,850 sampla de logainmneacha a bhfuil CLUAIN iontu ar fud na tíre (O’Connor 2001:53).

⁶ Deir Joyce níos túisce ina shaothar go gciallaíonn **Cluain** ‘a meadow, a retired place of rest (in an ecclesiastical sense)’ (1869:209). Féach freisin de hÓir 1975:130.

⁷ Forleathnaíonn an chiall go ‘a cave’ i gcás an *Lusca/ Lusk* i mBÁC (Joyce 1913:493)

(ii) go raibh dó ar bun ann. Breathnófar ar (i) ar dtús.

Tagraítear don loscadh a tharla i *Lusca, Bhaile Átha Cliath* sa 9ú haois mar seo a leanas:

Duirtheach lusca do loscadh le Nortmannaibh (854, ARÉ i:488).

Derthach Lusca do loscadh do Lochlannaibh
(856 Ann Ir 3 Frag:142).⁸

Meabhraítear go bhfuil an chiall ‘penitentiary’ ag *derthech*,⁹ agus mar sin d’fhéadfaí ceangal a dhéanamh idir *Lusca Bhaile Átha Cliath* thuasluaite (atá i bparóiste *Lusca/Lusk*, barúntacht Bhaile an Ridire Thoir go comhaimseartha) agus traidisiún na Críostaíochta sa 9ú haois. Tá macalla den traidisiún sin le feiceáil san eilimint CLUAIN agus san eilimint LUSCA i gcás an *Clonlusk* atá faoi staidéar anseo.

Tá tagairt eile do *Donnchadh mac Con Chaisil h. Cearbhuill, ri Fearnmuighe*, a rinne creach ar *Lusca a Midhe* sa 12ú haois (Misc Ir Ann 1947:24, AD 1136, 1) ach níltear cinnte arbh é an lusca i g*Clonlusk*, paróiste Dhamh Liag a bhí i gceist leis an eachtra sin, nó ar bhain sé le lusca éigin eile. Mhol Ó Donnabháin *Cluain Lusc* (10), ‘lawn or meadow of the cave’ mar leagan Ghaeilge ar *Clonlusk* i bparóiste Dhamh Liag.

Tá *Clonlusk*, paróiste Dhamh Liag, luaite i measc na n-áiteanna a bhfuil uaimheanna talún (*souterrains*) iontu,¹⁰ mar atáthar cláraithe ag an gComhairle Oidhreacht (Stout 2002:81). Mar sin tacaíonn an fhianaise sheandálaíoch leis an tuairim gur *lusca* (ginideach comhaimseartha *lusca*) sa chiall *souterraine* atá i gceist le dara heilimint *Clonlusk*. Is fiú a lua nach bhfuil ach tuairim is achar míle idir an baile fearainn *Clonlusk* agus Mainistir Dhamh Liag Chianáin/ *St. Mary’s Priory* atá lastuaidh de, an áit ina mbíodh máthairtheach na manach, agus cá bhfios nár tógadh *derthech* istigh ann i ré na manach.¹¹

Labhair mé le Pat Mc Callan atá i seilbh an bhaile fearainn faoi láthair a d’inis dom gur feirm a bhí ann go dtí le gairid, ach gur coiléar anois é *Clonlusk*. D’inis sé dom go mb’éigean dóibh dul i gcabhair ar bhullán a chuaigh síos i bpoll i g*Clonlusk* uair amháin nuair a bhí sé óg. D’inis sé dom freisin go ndeachaigh fiacaíl an druilire síos

⁸ Féach freisin AU, AFM, Chron Scot.

⁹ Ciall thánaisteach in DIL. Tá an bhunchiall ‘oak house’ ag *derthech*.

¹⁰ Bhí 73 *souterrains* tugtha faoi deara agus Buckley (1988-89:64) ag scríobh.

¹¹ B’fhiú a lua anseo freisin go mbíonn áitheanna aoil le fáil go fairsing ar fud na tíre, áit a mbíodh aol á dhó chun tithe a aoldhathú sna háiteanna a mbíonn aolchloch ar fáil. Aolchloch atá faoi *Clonlusk* (CMWCHS 2010:23). Níl aon áth aoil marcáilte ar ls 27 (6 horlach, 1837) ámh, ach b’fhéidir go raibh a leithéid ann beagnach dhá chéad bliain roimhe sin sa 17ú haois.

trí spás mór idir 13 troithe agus 14 troithe nuair a bhí an comhlacht *Irish Cement* ag obair ansin agus clocha á dtarraingt as *Clonlusk* chun ábhar tógála a sholáthrú don bhóthar mór M1. Is fianaise bhreise í seo go raibh lusca faoi dhromchla *Clonlusk* go dtí go ndearnadh coiléar de.

Breathnófar ar na hargóintí a thacaíonn leis an dara féidearthacht (ii) anois .i. gurb é *loscadh* (ginideach *loiscthe*) bunús cháilitheora *Clonlusk*. Is cosúil go bhfuil aitheantas tugtha don chleachtas coitianta - fásra a loscadh (toim aittinn ach go háirithe), lena smachtú, nó leis an talamh a ghlanadh le haghaidh curadóireachta nó féarach¹² - i logainmneacha éagsúla, a mbíonn *Cluain* agus *lusk* nasctha le chéile iontu in áiteanna éagsúla sa tír – féach *Cluain Loiscthe/ Clonlusk* i bparóiste Ráth Laighnín/ *Rathlynin* i mbarúntacht Clann Liam/ *Clanwilliam*, Tiobraid Árann, chomh maith leis an dá bhaile fearainn *Cluain Loiscthe/ Cloonlusk* i bparóiste Chill Fhir Iarainn/ *Killererin*, barúntacht Bhaile Chláir/ *Clare*, Gaillimh, agus i bparóiste Dhún Bleisce/ *Doon* i mbarúntacht Uí Chuanaigh/ *Coonagh*, Luimneach (*logainm.ie* 2013).

I bhfianaise a bhfuil ráite ag Ó Cearbhaill, an bhféadfadh sé go dtagraíonn an logainm *Cluain Loiscthe* i dTiobraid Árann do na cluainte a rinneadh i ndiaidh na portaigh a bheith bainte agus dóite ag na manaigh? Ní fheilfeadh an míniú sin do *Clonlusk* i bparóiste Dhamh Liag ámh, mar níl aon phortach marcáilte ar ls 27 (6 horlach, 1837 faoi na teidil - ‘Bog or uncultivated ground’ ná faoi ‘Marsh or Flow bog’ mar a bhíonn san eochair), ná níl trácht ar phortach sa CS sa 17ú haois. Is fiú a lua freisin nach é /f/ atá i gcáilitheoir Gallda an logainm i gcaint na ndaoine, ach /s/, féach /'klan'lusk/ (11). Ní dócha, ar na húdair sin uile gur **Cluain Loiscthe* ‘meadow of the burning’ is bunús le *Clonlusk*.

Tharlódh gurb é **Cluain Lusca* ‘meadow of the cave’ is bunús le *Clonlusk* ar na húdair uile thuasluaite. Dealraíonn sé go raibh an ceart ag Ó Donnabháin agus é ag roghnú ‘a cave’ seachas ‘burning’ mar ghluais ar dhara eilimint *Cluain Lusc* (10), a mbeadh an litriú comhaimseartha **Cluain Lusca* anois air.

¹² Deirtear liom gur cleachtas nua é an dó aittinn seo, nach mbíodh a leithéid ag tarlú 50 bliain ó shin nuair a bhíodh daoine ag oibriú na talún. Deir Ó Cearbhaill gur *Cluain Loiscthe* (> *loiscthe*, aidiacht briathartha de **loiscid**, **loscaid** (DIL) bunús *Clonlusk* i Contae Thiobraid Árann (2010:146). Luann sé *Ballylosky*, *Munlusk* srl agus deir sé gurb í an eilimint *loiscthe* atá á gcáiliú sin freisin (147).

Barúntacht: Damh Liag Íochtarach

Paróiste: Damh Liag

[32] COMMONS (Tá *Commons*, *Back Commons*, agus *Off Commons* ann.)

Is logainmneacha Béarla iad seo (2014)

*An Coimín (ainm neamhdheimhnihe *logainm.ie* 2010)

***Na Coimíní** (moladh an taighdeora **2014**)

1)	1655-57	SW ¹³ [= Commons]	DS (<i>logainm.ie</i>)
2)	1654	the Commons of Duleeke the Commons of Dewleeke	CS:21 (faoi <i>Athcarne</i>). 17
3)	1786	common-green of Duleek	Archdall Mon Hib (White):539
3a)	1792	Longford Commons/ Com of Duleek srl	Hearth Money Rolls MS 26736, sa LN
4)	1812	Duleek; Common	Co Map:AL (<i>logainm.ie</i>)
5)	1812	Common X 2	Is Larkin (<i>logainm.ie</i>)
6)		Duleek and Common	BS:AL (<i>logainm.ie</i>)
7)		Duleek;Commons of Duleek	TCB:AL (<i>logainm.ie</i>)
8)	1836	Commons of Duleek	OD:AL (<i>logainm.ie</i>)
9)	[1836]	? Duleeke etc (<i>sic</i>)	JOD:AL (<i>logainm.ie</i>)
10)		Duleek and Common	GJ Rates (Old Docket):AL (<i>logainm.ie</i>)
11)	1836	Cuimin dhu'lice Cuimin dhu-lice	OC:AL (<i>logainm.ie</i>) pl:AL (<i>logainm.ie</i>)
12)	1854	Back Commons ¹⁴	Griffith Valuation:71
13)	8/12/2005	An Coimín	Úd. Áit. PÓC (<i>logainm.ie</i>)
14)	2010	Commons	Jackie Leddy Fedigan
15)	2010	Off Commons	Jackie Leddy Fedigan
16)	1980	East Commons West Commons	Donal Synott 1980:176
17)	2014	'kəmənʒ	fogharscríobh, Jim Curley

Is i bparóiste Dhamh Liag ó thuaidh de bhaile Dhamh Liag atá an baile fearainn *Commons*, áit a bhfuil os cionn céad acra talún ann mar choimín, agus tá coimín níos lú ann ar a dtugtar *East Commons* nó *Off Commons* go comhaimseartha. Is i gcáipéisí Béarla amháin ón 17ú haois i leith atá an logainm *Commons* le fáil. Is iad *the Commons*

¹³ Mínítear SW mar ‘Severall proprietors and small parcells intermixt’.

¹⁴ Sainiú ar chodanna éagsúla den choimín atá i gceist le *Commons*, *Back Commons* agus *Off Commons*.

of *Duleek*[e]/ *Dewleeke* (2), (7), (8), *common-green of Duleek* (3), [*Duleek* [and] *Common* (4) - (6), (10), *Commons* (7), (12), (24) na foirmeacha stairiúla a bailíodh don staidéar seo, chomh maith leis na *Longford Commons* (3a) a luaitear sna *Hearth Money Rolls* (cf. Caibidil 1, **4.10.7.1**). Bailíodh na leaganacha *Commons* (12) agus *Back Commons* (12) as Luacháil Griffith a rinneadh i lár na 19ú haoise, leaganacha a mbaintear leas astu i gcónaí chun codanna éagsúla den choimín a shainiú. Is san 21ú haois a tagraíodh do choimíní an bhaile fearainn mar *East Commons* (16) agus *West Commons* (16). Insíodh dom go dtugtar *Commons* go háitiúil ar an gcoimín atá gar do shráidbhaile Dhamh Liag agus go dtugtar *Off Commons* ar *East Commons*, píosa de choimín atá ‘off - way off, a long way off’ ó lár bhaile Dhamh Liag.

Is mar seo a chuirtear síos ar choimín Dhamh Liag go comhaimseartha:¹⁵

The *Commons of Duleek* comprises two distinct areas, namely the East and the West Commons. They are divided by a wide pass and the total area involved is in excess of one hundred acres. The West side is watered by a stream that flows from Thomastown Bog¹⁶ and there is also a proliferation of springs, rich in lime, which together keep the ground damp all year round. The stream flows into The Nanny at Duleek Bridge, immediately south of the village.

On the *East Commons* the main stream flows through the centre and is known as *The Black Trench* and comes down from *Carranstown*, flows under the Drogheda road at Crinchecram (*sic*) later flowing into The Nanny River. In recent years most of the ditches of *East Commons* have gone dry and, in addition, the two wells ‘*The Big Well & Sheera’s Well*’ dry up each summer - this may be due to the blasting at quarries nearby (Sheeran gan dáta c. 2000:176).

Is iad leaganacha Gaeilge an logainm a bailíodh ná *Cuimin dhu’lice/ dhu-lice* (11) agus *An Coimín* (13).

Is ón Laidin *communis* atá an focal *common* díorthaithe, focal a tháinig isteach sa Bhéarla sa 13ú haois ón bhfocal Sean-Fhraincis *commune* (Mid Eng Dic 1959:437-38). Is talamh féaraigh atá i bpáirt ag níos mó ná duine amháin (nó ag pobal beag) a bhíonn i gceist le *Common* nó *Commanage*.

Tugtar ainmneacha agus seoltaí pobail de 275 duine (mar a bhí in 1854), a bhí i dteideal leas a bhaint as an gCoimín (nó as na coimíní éagsúla) i Luacháil Griffith (12).

¹⁵ cf. Synnott 1980 ina bhfuil cur síos ar phlandaí an choimín agus ar a stair.

¹⁶ Sníonn an *Paramaddan* trí bhaile Dhamh Liag agus tugtar *The Moate River* ar chuid di. Tharlódh go mba shin an chuid den abainn a bhíodh thimpeall ar chaisleán Dhamh Liag.

Bhí 215 duine díobh sin ina gconáí i mbaile Dhamh Liag ag an am sin,¹⁷ mar a léirítear sa Tábla thíos:

Griffiths Valuation - 1854		
Ainm na Sráide i mbaile Dhamh Liag raibh cónaí ar dhaoine a bhí i dteideal leas a bhaint as an gcoimín	Líon na ndaoine a bhí i dteideal leas a bhaint an gcoimín	Ainm an Choimín
Main Street	54	Commons
Larrix Lane	40	C[ommons]
Lane ¹⁸	41	Commons
Back of the Moat ¹⁹	50	Commons
Colgan Street	11	Commons
The Green	6	Commons
Chapel Lane	4	Commons
Church Lane	3	Commons
Church Lane	6	Back Commons

Is cosúil nár baineadh leas as an leagan *Off Commons* atá coitianta inniu, agus Griffith i mbun luachála na háite. Tá os cionn 80 sampla den logainm *Commons* le fáil ar bhailte fearainn in 26 chontae ar fud na tíre de réir *logainm.ie*, 12 díobh sin i gContae na Mí. Is iad *An Coimín*, *An Coimíneas* agus *An Coitín* na leaganacha éagsúla Gaeilge den logainm a chleachtaítear in áiteanna éagsúla in Éirinn.

Is é **An Coimín* leagan neamhdheimhnithe Gaeilge na SO ar *Commons* Dhamh Liag Íochtarach. B'fhéidir go bhfeilfeadh **Na Coimíní do Commons*, **Na Coimíní Thiar do Back Commons*, ach ní thagraíonn ceachtar díobh sin do na *Off Commons*.

¹⁷<http://www.failteromhat.com/griffiths/meath/duleek.htm>

¹⁸ 'Lane C.' atá sa cháipéis.

¹⁹ Tugann an seoladh *Back of the Moat* le fios go raibh caisleán i mbaile Dhamh Liag, agus bhí sin amhlaidh. Faoin 18ú haois ní raibh fanta de ach an *motte* ar ar sheas sé. Is féidir cóip phictiúr den *motte* seo a fheiceáil in Stout (2002:96). Phéinteáil Austin Cooper san 18ú haois é.

Tithe ceann tuí a bhí i mbaile Dhamh Liag agus luacháil *Griffith* á déanamh sa bhliain 1854 (O'Boyle 1989:25-27). Seo ainmneacha na ndaoine a raibh an seoladh *Back of the Moat* acu an bhliain sin: Christopher McKenna, Vincent Branagan, James Carney, Alice Coleman, John Coller, Richard Coller, Patrick Connell, Patrick Courtney, Thomas Courtney, Rose Crean, Catherine Groaghy, Thomas Hairy, Margaret Hartford, Nicholas Heade, James King, Anne Mathews, Roger Mc Cabe, Mathew Monahan, Patrick Monahan, Bridget Owens, Catherine Purtle, Michael Quail, John Verdon, Anne White agus James White (71).

Barúntacht: Damh Liag Íochtarach

Paróiste: Damh Liag

[33] CORBALLIS (ainm Gaeilge le deimhniú *logainm.ie* 2013)

***An Corrbhaile** (moladh an taighdeora 2014)

1)	1289-90	Corbally ²⁰	CDI 1285-1292:486, 1094
2)	1290	Corbally	<i>ibid</i> :486, 1094
3)	1529	Corbally	H VIII 48/90, CI 1991:27 Inq Henry VIII (Archdall) TT <i>logainm.ie</i>
4)	1540-1	Corbally	CSL 1540-1:33 (Teideal: <i>ibid</i> 27)
5)	1545	Corbally Corballye	<i>ibid</i> : (1), 214
6)	1574	Corbally X 3 Corbally; Corballye Corbally	Eliz 67/47, <i>ibid</i> : 212 (X 2), 213 Inq Eliz (Archdall): AL Inq Eliz:AL,TT <i>logainm.ie</i>
7)	1587 [1559]	Corbally	Eliz 173/111, CI 1991, 265
8)	1619	Corballies X 2	Jac I:36 Inq Lag
9)	1631	Corballyes X 2	Car I 74, <i>ibid</i>
10)	1635	Corballyes	Car I 114, <i>ibid</i>
11)	1640	Corballyes	Car I 151, <i>ibid</i>
12)	c1668	Corballagh 4 Corballagh Corballis 4 Corballis [Corballis 13]	BSD Index ²¹ <i>ibid</i> 4, 1663 sa téacs <i>ibid</i> 4, 1663, 1666 sa téacs
13)	?1693	Corballagh	Gul & Mar 2, Inq Lag
14)	1654-56	Corballis	CS 15, 21, 23, 48
15)	1657	Corballis Corballys Corballis	Innéacs DS 1:3 Duleek & Abby Parrishes by Thomas Clarke An Exact Copy by Dan ¹ O'Brien surv ^r 22
16)	1659	Corballagh	Census:479

²⁰ ‘Corballis bar. of Lower (or Upper?) Duleek’ atá san innéacs:557. Glacaim leis go bhfuil an t-eagarthóir Sweetman ag baint leasa as an bhfoirm chomhaimseartha san innéacs.

²¹ Sílim ós rud é gur *Corballagh* (gan -s#) atá cláraithe don logainm sa *Census* (16), go mba shin bunfhoirm an logainm.

²² *Corbally/ Carballagh/ Corballagh* atá ar an AL (TS *logainm.ie* 2010). *Corballys/ Corballis* atá ar an léarscáil thuasluaite a cheadaíós - b’fhéidir go bhfaca ÓD léarscáil eile de chuid an DS. *Corballis* i bparóiste eile atá in *Corballis 13* sa BSD.

17)	1786	Corbally	Archdall Mon Hib (White):538
18)	1812	Corballis	Co. Map:AL, TT <i>logainm.ie</i>
		Corballis	Is Larkin
19)	c1830	Corballis	BS:AL,TT <i>logainm.ie</i>
20)	1830-40	Corbally	TCB:AL (1836 TAB ar TT <i>logainm.ie</i>)
21)	1830-40	Corballis	JOD:AL, TT <i>logainm.ie</i>
		‘odd town’	Nóta Béarla ag OD <i>logainm.ie</i>
22)		Corballis	GJ rates (Old Docket):AL, TT <i>logainm.ie</i>
23)		Corballis	Quit rents (Old copy):AL, TT <i>logainm.ie</i>
24)	1838	Cor bhaile	OC:AL
		Cor bhaile	pl:AL, TT <i>logainm.ie</i>
		‘odd town’	OD:AL, TT <i>logainm.ie</i>
25)	2010	'co:r'baləs	fogharscríobh, Grace Larkin
	2010	'car'bəlis	Paddy Lenihan
	2014	'co:r̩ bəlis	Clare Pentony
	2014	ðe 'caɹ̩ bəlis [‘The C...’]	Jim Curley

Is i bparóiste *Abbey* (CS: 24) a bhíodh an baile fearainn *Corballis* go stairiúil, ach is i bparóiste Dhamh Liag, barúntacht Dhamh Liag Íochtarach atá sé anois.

Is iad *Corbally* (1) - (7), *Corballye* (5), (6) na foirmeacha a fhaightear (gan -s#) i bhfoinsí Laidine na 13ú haoise agus na 16ú haoise. Frítheadh na foirmeacha *Corballies* (8), *Corballyes* (9), (10), (11) i bhfoinsí a scríobhadh sa 17ú haois, agus tugtar faoi deara nach bhfuil ach foirm amháin *Corballagh* (12), (13) le fáil gan an -s# i bhfoinsí na haoise sin. Is i bhfoinsí Béarla, na 17ú haoise agus na 19ú haoise, atá teacht ar na foirmeacha *Corballis* (14), (15), (16), (19), (20), (22), (23), (24), agus *Corballys* (15). Is suntasach iad na leaganacha eaglasta (Archdall agus TCB) .i. *Corbally* (17) ón 18ú haois, agus (20) ón 19ú haois, mar nach bhfuil an -s# nasctha leo. D’fhéadfadh sé seo a bheith amhlaidh, toisc fáil a bheith ag Archdall agus ag scríobhaí an TCB ar leaganacha luath an logainm a bheadh scríofa i seanfhoinní Laidine .i. i dteanga na heaglaise, agus iad i mbun pinn. Maidir le leagan *Census* 1659, ós rud é go raibh 28 nGael ar áitritheoirí an bhaile fearainn (gan aon Sasanach ina measc an t-am sin (*op cit*:479), tá sé dóchúil gur Gaeilge a bhí á labhairt acu, agus is *Corballagh* (16) a tugadh ar an mbaile fearainn,

a thugann le fios gur chosúil gur forbairt thánaistiúil atá san *-s#* a fheictear i mbunáite na gcáipéisí eile ón 17ú haois agus ón 19ú haois.

Maidir leis an leagan Gaeilge *Corballis*, thaifead Ó Donnabháin *Corrbhaile* don *Corballis* atá i bparóiste Chill Dealga/ *Kildalkey* (le *b* séimhithe, OSL:189). Tugann an sampla sin le fios dúinn gur chuir cainteoirí Gaeilge na 19ú haoise séimhiú ar *bally* (>*baile*) i ndiaidh *Cor(r)* ina gcuid urlabhraíochta i gcás an bhaile fearainn úd. Níor luaigh O’Conor (an taighdeoir a thug cuairt ar an mbarúntacht sa 19ú haois) aon cheo faoi chomhráití a bheith aigesean le muintir *Corballis*, paróiste Dhamh Liag, ámh, a chinnteodh go mbítí ag rá *Cor-bhaile* (24) don bhaile fearainn *Corballis* paróiste Dhamh Liag.

Nuair a bhí Ó Donnabháin/ O’Conor (agus Price ina ndiaidh), ag iarraidh meabhair a bhaint as an logainm *Corballis*, shíleadar gur díorthaithe ó thrí eilimint a bhí sé .i. CORR, BAILE agus mír iolra an Bhéarla *-s*. Ní raibh aon chinnteacht ann faoi cé as ar tháinig an *-s#*.

Is logainm neamhghnách é *Corballis*, sa chaoi is nach leanann sé gnáthphátrún struchtúrtha logainmneacha a mbíonn an eilimint BAILE iontu – Ní BAILE + SLOINNE atá ann. Ar ndóigh, tá i bhfad níos mó samplaí den logainm *Corbally* le fáil ná mar atá de *Corballis* (AITTI:299-300).²³ Thug Price faoi deara gur ‘Corbally’ a deirtí, agus *Corballis/ corr-bhaile*²⁴ i mbarúntacht *Ballinacor North*, Chill Mhantáin faoi thaighde aige, agus scríobh sé:

The name may be derived from the fact that the place stands on a hill which juts out towards the river, to the south of Rathdrum ... The s must have been introduced as an English plural form when the townland was divided into Corballis Upper and Corballis Lower; ... (Price 1945 i:12).

Agus Ó Donnabháin ag plé *Corballis* i bparóiste *Kindalkey* dúirt seisean:

In the parish of Kindalkey there is a townland called Corballis in all the written authorities, and yet the Irish natives call it Corrbhaile in Irish and Corbally in English.

²³ Luadh beagnach 70 *Corbally* (20 acu cáilithe le heilimint eile) in innéacs AITTPBI:299-300, chomh maith le 12 *Corballis* (a raibh ceann díobh sin cáilithe le *Upper*).

²⁴ Seo na foirmeacha stairiúla a chláraigh sé: 1605, 1617 *Corbally* CI, 1616 *Corballie* CPR, 1655-9 *Corballey* DS, c 1660 *Corbally* BS (same in HD) c 1810 *Corballis* NA. 1831 *Corballice* GJP (*op cit* 1945 i:12).

What Ballis can mean I know not, as it cannot be for ballies the plural of bally. Shall we make this Corbally as pronounced by the common people or adopt Cor-ballis*²⁵ as corrupted by written authority? (OSL:189).

Bhí a mhalairt tar éis tarlú i gCill Mhantáin. Deir Price:

..the pronunciation Cor.ballis, which is also heard locally is probably derived from the written form (1945 i:12).

Tá dhá léirmhíniú le tairiscint maidir leis an *-s#*: (i) tá an fhéidearthacht ann gurb í aidiacht shealbhach an Bhéarla is cúis leis an *-s#*. Is mír í atá fós coitianta i mBéarla na ndaoine agus iad ag tagairt d'áiteanna éagsúla,²⁶ nó (ii) d'fhéadfadh sé gur *s*, iolra an Bhéarla atá ann, mar a luaigh Price (*passim*). Sílim gurb é míniú Price is dóchúla, mar de réir na fianaise atá tugtha sa Tábla thuas, ní fheictear an *s* go dtí an 17ú haois,²⁷ an t-am a thagann na téarmaí *parva*, *magna*, *great*, *little* chun cinn mar bhreis sainithe ar logainmneacha eile, mar shampla *Colp* [6], *Carranstown* [29] agus *Ministown* [62]. Is féidir tátal a bhaint as gur roinneadh na bailte fearainn sin sa 17ú haois, tréimhse ama a raibh go leor fhorghéillte agus athbhronnta talún ar bun (féach Caibidil 1, 4.10 - 4.10.7). Tharlódh gur coigistíodh *Corbally* sa 17ú haois freisin, agus gur roinneadh ar níos mó daoine é agus gur as an ath-roinnt air sin a thagann *s* iolra an Bhéarla. Tacaíonn an fhianaise leis an léirléamh seo, go mór mór nuair a chuimhnítear gur tugadh *Corbally/Corballye* go rialta air ar feadh beagnach 350 bliain ó 1289-90 go dtí 1597, agus nach dtagraítear do *Corballies* go dtí 1619 den chéad uair.

Bhí sé seo le rá ag Ó Buachalla (1938) maidir le brí *Corbally*:

Canon Power thinks it is Corr a' Bhaile ie 'Round Hill of the Homestead'. Canon Lyons gives the first part of the word as *Coradh* and explains it as the surrounding wall of a homestead. The name is invariably pronounced *Curraballa*. On examination of the DS map of the Barony of Barrymore and a study of the Inquisitions show that the arrangement of the *seisreacha* or ploughlands in the Post-Reformation parishes of Ardnageehy

²⁵ Breacadh an nóta a leanas in OSL: '*Note in pencil, possibly signed TA L[arcom] on interleaved page opposite 189: Corballis occurs in the Parishes of Ballygart, Duleek, Siddan, Rathkenny and Templekeeran, also in Rathmolian. 10 Dec^r 1836.'

²⁶ B'fhurasta a shamhlú duine ag rá: 'He's up (nó b'fheidir 'down') in Corbally's', mar shampla.

²⁷ Cuimhnítear gur sainíodh *Stameen* [15] le *Great*, *Little* thart ar am choigistiú na mainistreacha sa 16ú haois.

and Ballydeloher reveal that the places called Corbally are in both cases detached half-ploughlands completely separated from their remaining halves by intervening ploughlands. From these examples it would seem that O'Donovan and Joyce's* translation is the correct one and that *Corra-Baile* would mean an odd fragment of a townland. Unfortunately I have not enough of data on hand, concerning arrangement of ploughlands, to determine whether the other places called *Corbally* are detached fragments (57).

Bhí níos mó ná sin le rá ag Joyce faoin téarma 'corr', ámh, mar a leanas:

The word *cor*, as a topographical term has several meanings, the most common being a round-hill, but it is also applied to a round pit or cup-like hollow, to a turn or bend; ... as an adjective it means odd, and also round. In consequence of this diversity, it is often difficult to determine its exact sense ... (1869:397)

Agus beagnach 45 bliain i ndiaidh an méid sin a bheith ráite ag Joyce, d'fhill sé ar phlé an téarma agus scríobh:

Cor or **Corr** is an unsatisfactory term to deal with topographically for it has several meanings .. (1913:252)

ach lean sé Ó Donnabháin agus é ag míniú *Corbally*, *Corballis* mar a leanas:

the names of places all over Ireland;
all called in Irish *Cor-bhaile*, odd town (*ibid*:253).

Is deacair glacadh leis, go gciallaíonn *Cor-bhaile* (21) 'odd town', mar a mhínigh Ó Donnabháin sa 19ú haois é agus mar a dúirt Joyce, cé gur thug Joyce 'unsatisfactory term' ar chéad eilimint *Corbally/ Corballis* i dtús báire. Is deacair a shamhlú, go gceapfadh na 28 nGael a bhí ina gcónaí in *Corballagh* (16) ag am *Census* 1659 (*passim*), beagnach dhá chéad bliain sula ndeachaigh lucht na SO i mbun oibre, go bhfreagródh an focal 'cor[r]' na Gaeilge do 'odd' an Bhéarla i gcomhthéacs an bhaile fearainn ina raibh siad lonnaithe. Bheadh sé níos dóchúla go dtagraíonn an eilimint CORR do ghné aiceanta mar a mhínigh Price i gcás *Corballis* Chill Mhantáin thuasluaite.²⁸

²⁸ Is é an míniú a thugann Room ar an logainm cosúil *Corballa/ An Corrbhaile* i Sligeach, ná 'the unusually shaped townland' (1986:41).

Baineann réimse ciall leis an bhfocal *corr* de réir DIL: **1 corr** o, ā, ‘tapering, cuspidated, peaked, pointed, jutting out or up, swelling’ (482), agus tá na bríonna ‘rounded’ agus ‘humpy’ tugtha lena aghaidh in FGB freisin (299). Tugtar na samplaí *cathair chorr* ‘round fort’, chomh maith le *tulacha corra* ‘rounded humpy hills’ in FGB chomh maith (299).

Gearrann an bóthar ‘The Longford Road’ idir *Red Mountain* agus *Corballis*, paróiste Dhamh Liag. Is cnoc cruinn é *Corballis* a ghobann siar amach ó *Redmountain* ar an taobh thiar den *Longford Road*. Tagann an chruth atá ar an gcnoc taobh thiar den *Longford Road* leis an mbrí ‘jutting out’ atá in DIL.

Tá *Corballis* ar sheacht gcinn de bhailte fearainn eile i bparóistí éagsúla, i mbarúntachtaí éagsúla ar fud Chontae na Mí go comhaimseartha (*logainm.ie* 2013). Maidir leis an *Corballis* atá i bparóiste *Balligart* ó dheas den Ainí (CS:5, ls 43, SO 2010) is a mhalairt de bhrí atá i gceist leis an *Corballis* sin.²⁹

Tá dhá bhaile fearainn eile i mBÁC, chomh maith le ceann i gContae Chill Dara, a bhfuil an t-ainm *Corballis* orthu (*logainm.ie* 2013). An *Corrbhaile* is ea an fhoirm dheimhnithe i gcás an dá bhaile fearainn *Corballis* i mBÁC agus d’fheilfeadh an fhoirm sin do *Corballis* paróiste Dhamh Liag chomh maith.³⁰

²⁹ Féach go bhfuil bríonna contráilte ag CORR in DIL: **3 corr** ā ‘well, pool, depression containing water’ (484). Is í an chiall ‘logán, cuas uisciúil, talamh íseal’ is fearr a d’fheilfeadh an eilimint CORR sa *Corballis* atá suite ar chósta Mhuir Éireann idir an Ainí, atá mar theorainn thuaidh idir é agus *Ninch* [63]. Sníonn an *Legberry Stream* idir *Corballis* agus *Briarleas* (atá i nDamh Liag Uachtarach). Maidir le brí *Legberry*, deir Ward ‘I suggest that the name is derived from the Irish *Lag Biorraigh* meaning ‘a marsh hollow’ (1967:85).

³⁰ Tá teacht ar roinnt tagairtí stairiúla ón 16ú haois agus ón 17ú haois do bhailte fearainn éagsúla ábhartha, mar shampla - 1525: ‘The lordship of *Ballygarth & the Corboles* in the countie of Mith sett to Thomas Nettirfele’ (CSL 1540-1:254), 1618 *Corbally* ?Kells (Jac I :29 Inq Lag), 1623 *Corbally* Skryne (Jac I :64, 1631 *ibid*), *Corballyes* Dublin (Car I 70, 75, 109 *ibid*). Féach freisin: *Corballis* Lune (CAR:II: 7 an’ 29 *ibid*), 1625 ‘... *Corballie’s land* contin’ 120 acr’, 55 acr’ in *Buokenebrachie ...*’ (Car I 6 *ibid*), 1571-1575 *Carballisland* (CSPI Tudor Period 1566-67: 670, 1124.1; 811, 1390), 1655-59, *Corballis* éagsúla sna bailte fearainn *Abby*, *Ballygart*, *Rathmullan*, *Rathenny*, *Dunsany*, *Temple Keran*, *Suddan*, *Rathboyne* in *Eastmeath* (BN Goblet 1932:165. Tá an liosta céanna seachas *Rathboyne* le fáil ar bhailiúchán *logainmneacha* ls HD (*ibid*:165).

Barúntacht: Damh Liag Íochtarach

Paróiste: Damh Liag

[34] DEENES

Is sloinne Sasanach atá anseo + s ag feidhmiú mar logainm.

?***Baile an Ghleanna** (aistriúchán seimeantach ar bhunbhrí an tsloinne; an eilimint

TOWN [*baile*] intuigthe ón *s*, rogha an taighdeora **2014**)

1)	1463	denys	SRPI Ed IV i:106
2)	1529	Denys	Statute of arms, H VIII 48/90 CI 1991:27
3)	1540-1	Denys	IMP 1540-1:314
4)	1540-1	the Denys	CSL 1540-1: 33
5)	1540-1	Deanston	<i>ibid</i> :28
6)	?c 1624	Deans	Jac I 81, Inq Lag
7)	i ndiaidh 1640	Deeves	Car I 159, Inq Lag
8)	1654-1656	Deanes Deenes	CS 15, 48 21
9)	1655-59	Deanes	Is BN:186
10)	1657	Deanes Deanes	DS 1 Innéacs Duleeke & Abby Parrishes by Thomas Clarke. An Exact copy by Dan ¹ O Brien Surv ^f
11)	1659	Deanes	Census
12)	1665	Swines-Deane	ASE, Crook 1662:124 in RIA ³¹
13)	c1668	Deanes 3 Deanes	BSD Index <i>ibid</i> 3, 1663, 1666 sa téacs
14)	c1672 1786	Deanes Deenes	Is HD Goblet:186 Archdall Mon Hib (White):536
15)	1786?	Deenes	Archdall (King (<i>recte</i> White):AL TC <i>logainm</i> .
16)	1812	Deanes	Co. Map TC <i>logainm.ie</i>
17)	1830-40	Deans	TCB:AL, TC <i>logainm.ie</i>
18)	1830-40	Deenes 'Not Danes.'	JOD:AL, TC <i>logainm.ie</i> Nóta Béarla ag OD san ainmleabhar
19)		Deanes	GJ rates (Old copy):AL, TC <i>logainm.ie</i>

³¹ Is as an dara píosa reactaíochta a thagann an tagairt seo .i. *An Act for the Explaining of some Doubts arising upon An Act intituled ...* (nó an *New Act* mar a thugtar air in innéacs ASE, cf. MR 16 B 2): 'The towns and lands of Bewtown (*sic*) and Swines-Deane, all lying and being in the County of Meath' (*op cit*).

20)		Deanes	Quit rents (Old copy):AL, TC <i>logainm.ie</i>
21)	1835-6 revised 1899	Deenes	Is SO
22)	1836	Fearann a Déinigh 'Mr Dean's lan	OC:AL TC <i>logainm.ie</i>
23)	1836	Díonasc Díonasc	Dúch TC <i>logainm.ie</i> pl:AL TC <i>logainm.ie</i> Ní léir cé a scríobh.
24)	2010	ðə'di:nz = 'The Deenes	fogharscríobh, Paddy Lenihan

Tá *Deenes* mar *logainm* ar bhaile fearainn i bparóiste Dhamh Liag, barúntacht Dhamh Liag Íochtarach. Is é *denys* (1) ón 15ú haois an leagan stairiúil is luaithe a bailíodh don staidéar seo, leagan a fhaightear arís sa 16ú haois (2), (3), (4). Tá trí shampla éagsúla den *logainm* le fáil ón mbliain 1540-1. Is iad sin *Denys* (3), *the Denys* (4), agus *Deanston* (5). Is iad *Deans* (6), (17), *Deanes* (9) - (11), (13), (14), (16), (19), *Deenes* (8), (14), (15), (18), (21) foirmeacha na 17ú, 18ú agus 19ú haoiseanna. Tá foirm aisteach amháin scríofa san ASE - *Swines-Deane* (12).³² Tá an fhéidearthacht láidir ann, gur míléamh lámhscríbhinn is cúis leis an /v/ in *Deeves* (7), cf. an Réamhrá.

Is é an struchtúr is mó atá ar an *logainm* ná *Den/Dean/Deen + ys/es/s*. Tá leagan amháin ann, a bhfuil an struchtúr SLOINNNE + s sealbhach + TON air, *Deanston* (5).

Aimsíodh cúpla sampla ón 17ú haois, a bhfuil an t-alt Béarla agus an t-alt Francise faoi seach iontu .i. *the Denys* (4), agus *le Den* atá i mBaile Átha Cliath (Jac I 3 Inq Lag). Is spéisiúil gur i gcáipéis Laidine atá teacht ar an sampla *the Denys*. Is le s sealbhach an Bhéarla a bhíonn teacht ar *Deenes* i bparóiste Dhamh Liag de ghnáth.

Cuireadh dhá leagan Gaeilge chun cinn sa 19ú haois - *Fearann a Déinigh* (22) agus *Díonasc* 'Mr Dean's land' (23). Ní léir cén ceangal atá idir *Díonasc* agus *Deenes*.

D'fhéadfadh sé gurb é an *Great English Vowel Shift* is cúis leis an ardú guta atá léirithe i leaganacha na 17ú haoise (Dobson II,1968, §192 (a):715).³³

Tá raidhse tagairtí do mhuintir *Den* i gcáipéisí riaracháin na tíre seo, arbh iad *Radulpho de Dene, Lagenia ... apud Clonois* (Pipe Roll John 1211-1212:22) agus *Vmfredo de Dene AD 1211- 1212 in Midia* (*ibid*:32) an bheirt is luaithe díobh a aimsíodh don staidéar seo. Ansin *circa* 1260, luadh *Iohannis le Den* le Damh Liag

³² Ar coinníodh muca san áit sa 17ú haois?

³³ Féach 'Raising of Middle English ē to ĭ ... before consonants ... (including n (*op cit*).

(ICL:229). Tagraíodh do *Uilliam de Dena Giusdis na hEreann* in Annála na 13ú haoise mar a leanas:

Uilliam de Dena, Giusdis na hEreann ⁊ Clann Gearailt ⁊ Mac Risdeard ⁊ sluagh romor Gall maille [r]iu ⁊ Domnall Ruadh Mac Cormaic Finn Meg Carrthaigh guna fuair do Gaeidealaibh do dul ar Tuaith Cinn Mara. Maidhm ⁊ ar orrtha ag Calluinn Gleanna O Ruachtaigh dar marbhadh Seaan mac Tomais Mic Gearailt, seinisgal na Muman, ⁊ Sir Muiris, a mac, ⁊ moran do ridiribh ele ⁊ moran do Gallaibh ⁊ do Gaeidhealaibh maille [r]iu. (1262 §2 Misc Ir Ann:104)

Tá go leor tagairtí do mhuintir *Dene* le fáil idir AD 1295 agus AD 1303 - *Juliana daughter of Gilbert de Dene* (Luimneach) AD 1295 (CJR 1295-1303:38), *Regin.de Dene* AD 1295 (*ibid*:15) agus AD 1299 (*ibid*:241), *Ralph de Dene* (? Port Lairge) AD 1299 (*ibid*), *Thomas de Dene* (Corcaigh) AD 1302 (*ibid*:402), *Reginald de Dene* AD 1297, AD 1300 agus AD 1302 (Baile Átha Cliath, Port Lairge agus *Weisford* (= ?Loch Garman) ina measc (*ibid*: 2, 15, 55, 106, 140, 240, 301, 312, 330, 359, 385).³⁴ Deir MacLysaght gur bhain *Deane* le treibheanna na Gaillimhe agus gur eascair an sloinne ón bhfoirm *le Den* ([1957] 1985:76). Is cosúil go raibh mearbhall ann idir *Den/ Dene* agus *Dean* faoin 17ú haois,³⁵ tá *Deen* ag Woulfe, agus an fhoirm sin le fáil i measc *Ó Dyeane, O Deane, O Dane, Deane, Dean, Dane* a bhfuil an Ghaeilge *Deadhan* nó *Déaghan* aige orthu, agus é mínithe des. of the dean (*op cit* 1923:495).

Ach ba shloinne Sasanch ar dtús é, agus mar a chonaiceamar i gcás *Danestown* [16], is ón Sean-Bhéarla *denu* ‘valley’ a d’eascair sé (Reaney & Wilson 1958:07). Ar ndóigh d’fheidhmigh foirmeacha *denu* mar logainm i Sasana freisin, féach *Deene* in Northamptonshire, a bhfuil na luathfhoirmeacha *Den* AD 1065, *Dene, Dena* AD 1163 le fáil (Ekwall 1936:135).

Níl ach an t-aon *Deenes* amháin sa tír. Is i ngleann idir an Ainí agus ceann dá fo-aibhneacha atá sé suite. Má táthar le haghaidh é a ghaelú, d’fheilfeadh an t-aistriúchán *Baile an Ghleanna mar leagan Gaeilge ar *Deenes*, má ghlactar leis go bhfuil TOWN intuigthe, de bharr an [e]s sealbhaithe atá ag deireadh an logainm.

³⁴ Féach freisin: ‘... Be it known that of the lands and tenements which Reginald de dene, deceased held, some are in the hand of the King and some in the hands of the lords of the liberties of Kilkenny, Wexford and Carlow ...’ (*ibid*: 402-3). ‘King grants wardship of all lands and tenements which belonged to Reginald de Dene to Will. de Rythre in England’ (1302 AD *ibid*:423).

³⁵ Is cosúil gur cuireadh tús leis an mearbhall sa 16ú haois, féach *Deanston* (5), cé gur fheidhmigh *Richard Dene of Wyseton* 1525 AD mar ghiúróir (H VIII 18/12 CI 1991:9).

[35] DOWNESTOWN

*Baile Uí Dhubháin (ainm neamhdheimhniú *logainm.ie* 2010,
rogha an taighdeora 2014)

1)	1465	dovanestoñ	SRPI Ed IV i:414
2)	1537	Dowanston	Hen VIII 102/7, CI 1992:55
3)	1540-1	Bowanston	CSL 1540-1:33
4)	1540	Dowanston	IMP 105, (TS 2 <i>logainm.ie</i>)
		Dowanston	<i>ibid</i> 314, (TS 2 <i>logainm.ie</i>)
5)	1557	Dowaneston	P & M 7/36, CI 1992:146
6)	1569	Dowanston	IFTS ii (Eliz):188 F1460 (TS 2 <i>logainm.ie</i>)
7)	1576	Dowanstown	Eliz 105/69, CI 1992:236
8)	1583	Dowanston, co Meath ³⁶	IFTS ii (Eliz):597 F4259 (TS 2 <i>logainm.ie</i>)
9)	1616	Dowanston	A 32 CI 1992:451
10)	1622	Dowanston	A 41, CI 1992:455
11)	1628	Donestowne (<i>sic</i>)	Car I 40 Inq Lag (TS 2 <i>logainm.ie</i>)
12)	1629	Dowanston	Inq CI:AL (TT/TS 2 <i>logainm.ie</i>) = A 42, C I 1992:455
13)	1633	Dowanston X 4	Car I 83 Inq Lag
14)	[164[]	[Dowstown] ³⁷	Inq CI, AL TT/TS 2 <i>logainm.ie</i>
15)		Dowanston	Car I 88 <i>ibid</i>
16)	[i ndiaidh 1640] ³⁸	Dowanston X 3	Car I 157, Inq Lag
17)	[i ndiaidh 1640]	Dowanston X 6	Car I 160 <i>ibid</i>
18)	1654	Dowanstowne	CS 15, 16, 19 (x 2), 20, 23, 48
19)	[1654-57]	Dowinstowne 1 Dowingstown	DS:Innéacs Duleeke & Abby Parrishes by Thomas Clarke.

³⁶ Tosaíonn F 4259: ‘Grant to Patr. More, of Dowanston, co Meath, gent.; of the office of clerk of court ...’ agus críochnaíonn sé ‘and of assizes in the counties of Cavane and Downe...’. Cuirtear Dowanston ar TS *logainm.ie*.

³⁷ An bhféadfadh sé gur áit eile é seo, féach an téacs: ‘ [164[] ... Ide Tho’ Nangle ...’ 1 jun’ 1622, concessit oia pmiss’ Edw’ ... & Rowland Plunckett de Dowston’ (Car I 164 Inq Lag).

³⁸ Luaitear na dátaí 1586, 1596, 1614 sa cháipéis seo. Luaitear W Goulding † 1626 freisin.

20)	1655-1659	Dowinstowne P Dueleeke EM	Is BN Goblet:194
21)	1659	Dowans towne	Census:479, (TS 2 <i>logainm.ie</i>)
22)	c1660	Downistowne	BSD:33, TS 2 <i>logainm.ie</i>
23)	c1668	Dowingstowne 4 Downingstowne & Birminghamstowne	BSD Index <i>ibid</i> 4, 1666 sa téacs
24)	1666	Dowanstowne	ASE:59a, TS 2 <i>logainm.ie</i>
25)	c1672 ³⁹	Dowinstowne P Dueleeke EM	Is HD Goblet:194
26)	1690 ⁴⁰	[Dowestowne] ⁴¹	Gul & Mar 3
27)	1802	Downstown	Is Stat. Survey TS 2/2 <i>logainm.ie</i>
28)	1812	Downstown	Is Larkin (TS 2 <i>logainm.ie</i>)
29)	1812	Downstown	Co Map:AL, TT/TS 2/2 <i>logainm.ie</i>
30)	c1830	Downstown	BS:AL TT/TS 2/2 <i>logainm.ie</i>
31)	1830-40	Downstown	TAB/TCB:AL TT/TS 2/2 <i>logainm.ie</i>
32)		Downstown and Bringhamwry	GJ Rates (Old Docket):AL, TT/TS 2 <i>logainm.ie</i>
33)	1838	Down's town	OD:AL TT /TS 2 <i>logainm.ie</i>
34)	1838	Downestown	JOD:AL TT/TS 2 <i>logainm.ie</i>
35)	1838	Downstown	pl:AL TT/TS 2 <i>logainm.ie</i>
36)	[1838]	Baile Dhúbhan	OC:AL TT/TS 2 <i>logainm.ie</i>
37)	[1836]	Baile dhuan Baile dhúan	pl:AL TS <i>logainm.ie</i> pl:AL TT <i>logainm.ie</i>
38)	[1838]	Baile Dubhain	OD:AL TT/TS <i>logainm.ie</i>
39)	6/12/ 2005	Baile Uí Dhubháin	Úd.Áit PÓC TS 2 <i>logainm.ie</i>
40)	2010	' dəunəs , təun ' dəuns , təun	fogharscríobh, Paddy Lenihan Clare Pentony

³⁹ Is é ?1685 dáta na tagartha seo ar TT *logainm.ie*, recte c 1672, féach lch teidil, Goblet 1932.

⁴⁰ Is mar '5 April' an '5' atá an dáta tugtha (= 1690).

⁴¹ Ní bhaineann an áit seo le paróiste Dhamh Liag, ná le barúntacht Dhamh Liag Íochtarach, ach luaitear le Inq G & M:AL é ar TT/TS 2 *logainm.ie*.

Is i bparóiste Dhamh Liag, Damh Liag Íochtarach atá an baile fearainn *Downstown*. Is logainm den struchtúr SLOINNE + mír shealbhach + TOWN atá ann. Is iad *-es-* agus *-s-* foirmeacha na míre sealbhaigh agus is iad *ton/ town[e]* foirmeacha na heiliminte TOWN. Is cosúil gur ón sloinne Gaelach Ó Dúbháin atá foirmeacha an tsloinne Gallda *dovan/ Dowan* srl díorthaithe. Tá fianaise ann go raibh muintir Uí Dhúbháin i gContae na Mí sa 14ú haois. Tá

Ó Dúbháin ar crích Cnodhbha

luaite sa dán ‘Triallom timcheall na Fódla’ a scríobh an file Seaán Mór Ó Dubhagán, a d’éag sa bhliain 1372 (Carney 1943:2, líne 41) agus tá

Dubhain Cíanachta (LMG ii:650, 663.4)

luaite ar an 14ú glúin (as 20 glúin) de

Gheinealach Sleachta Conla mc Taidhg.

Díshealbhaíodh na tiarnaí Dhubháin as Cnodhbha, scaipeadh ar fud Laighean iad agus faoi dheireadh na 16ú haoise ba shloinne coitianta é Ó Dubháin i ndeisceart na tíre (Woulfe 1923:509).⁴² Is iad sin an dá phársa fianaise atá luaite ar *logainm.ie* chun tacú leis an bhfoirm Ghaeilge *Baile Uí Dhubháin* (39) a mhol PÓC, údarás áitiúil na SO, sa bhliain 2005. Ba iad *Baile Dhúbhán* (36), *Baile dhuan/ dhúan* (37) agus *Baile Dubhain* (38) na leaganacha Gaeilge a chuir O’Conor agus Ó Donnabháin chun cinn sa 19ú haois.

Is sa 15ú haois a fhaightear an chéad tagairt don logainm *dovanestoñ* i gcáipéis de chuid Éadbhard IV a scríobhadh i bhFraincis. Léiríonn an *-v-* sa sloinne *dovan-* (1) go mbítí ag fuaimniú *-bh-* na Gaeilge in **Dúbhán** mar [v] sa 15ú haois, ach is mar [w] a fheictear an fhóinéim sa sloinne ón 16ú haois i leith, féach *Dowan-* (1), (4) - (9), (12), (13), (15) - (17), (20), (22), *Dowin[g]* (18), (19), (21), (23), (24). D’fhéadfadh sé gur botún cló nó tuaiplis scríobhaí is cúis leis an túslitir #B- san fhoirm *Bowanstown* (3).

Tá tagairt do *Dowanston* (12) le fáil ar TT *logainm.ie* agus ar TS *logainm.ie* agus is é Inq CI:AL atá luaite mar fhoínse thagartha dó. Rinne mé iarracht teacht ar bhunfhoínse na tagartha seo, agus d’éirigh liom an logainm a aimsiú i gcúig cinn de

⁴² Tá an sloinne le fáil i gCorca Laoide in Iar-dheisceart Chorcaigh, i gConamara, i Maigh Eo agus i Luimneach anois (*op cit*).

cháipéisí, ar a raibh gníomhas a scríobhadh sa bhliain 1629 ina measc (12), chomh maith le ceithre cháipéis eile de chuid Car I, Inq Lag féach (13), (15) - (17).

Tá an fhoirm *Don-* (11) go hiomlán corr fiú leis na foirmeacha eile atá le fáil in Inq Lag .i. *Dowan-* (12), (13), (15) - (17) thuasluaite, ach is i measc logainmneacha a bhaineann le Damh Liag Íochtarach agus le Damh Liag Uachtarach a bhfuil teacht ar an bhfoirm *Donestowne* (11) mar a leanas:

... priorat' de Dewleeke ..., vil & ter' de Rathallon ... vil & ter' de Dewleeke, Platten, Cahelstowne, Kennock iuxta Dewleeke, Julianstown, Rathallon, Bellewstowne, Killineston, Rathbeggan, Clonallway, Beomond, Newhaggard, ambabz les Hilltownes, Carblagh, **Donestowne**, Gilletestown, Colp & Weston ... (Car 40, Inq Lag).

Caomhnaíodh an dara siolla *-án* den sloinne *Ó Dúbháin* mar *-an* ar feadh trí chéad bliain ón 16ú haois anuas go dtí an 19ú haois,⁴³ ach is léir go ndearnadh meánchoimriú air sa 19ú haois ina dhiaidh sin, féach *Down* (27) - (35). Is í an fhoirm mheánchoimrithe a chleachtaítear go comhaimseartha.

Tá *Dowston* (14) le fáil go hearráideach ar TT *logainm.ie* agus ar TS *logainm.ie* (2009) agus is Inq CI:AL atá luaite mar fhoinse thagartha dó, ach an oiread le *Dowestowne* (26), tagairt eile earráideach, a bhfuil 'Inq. G. & M.' luaite mar fhoinse thagartha dó. Is áit eile ar fad é *Dowstown* ámh, mar is léir ó liostaí na mbailte fearainn atá luaite in éineacht leis i gcáipéisí éagsúla de chuid Shéarlais I a bhfuil teacht orthu in Inq Lag. Féach mar shampla:

1628 AD Flesherton ... Clongell... Telton... Kilberry...
Kilmainham... Dunapatricke... **Doweston al' Ballendowe** ...
Galtrim ... maner' de Kells ... **Doweston al' Ballendowe**
tenant^r ut de maner' de Nobber ... (Car I 45, Inq Lag)

1634 AD ... vil' de Trym... Adenstown ... Rocheston,
Felletston & hamlet' vocat' Broadmeade ... **vil & ter' de**
Doweston (Car I 94, *ibid*)

1636 AD ... Riverston ... Cardanston & Balliston in co' Mid'
... & **Phillpottston iuxta Doweston** ... Obryeston, de vil' &

⁴³ Tá dornán samplaí le *-in* sa siolla sin le fáil sa 17ú haois, féach (19), (20), (25). Is dócha go bhfaightear an *-ing* earráideach in *Dowingstown* ar analach leis an siolla coitianta Béarla *-ing* (19), (23).

ter' de Arlanston... vil' de Oddor, juxta Tawragh vil' & ter' de Ballrath juxta Ballmagarvy *srl* Phillpottston tenent^f ut de maner' de Doweston *srl* (Car I 119, *ibid*)

1638 AD Hen' Goery, nup de Trym seis' fuit, de feod', de vil' & ter' de Adenstowne ... quequide morgagiat' fuer eide Hen' p Walter' Scurlage nup de Frayne in co Mid'; ... anual' reddit' 14l exeunt' de vil' & ter' de **Dowestowne**... (Car I 144, *ibid*)

164[] ... Ballreske ... Careton ... & Rowland' Plunckett de **Dowston** (Car I 164, *ibid*)

1690 AD ... Lancelot Dowdall Baronet' & Petr' Nottingham... seis' fuit ut de feod', de sepal' vil' & ten' sequent', viz. AllistowneBeallis al' Bellis... **Dowestowne** 201 acr', nunc in possession' Martin [] Philpotstowne 161 acr', nunc in tenur' Oliver' Plunkett; Curraghstown 15[] acr' & 2 rod' nunc in tenur' Roger' [] ... part' de Ballreiske contin' 183 acr', nunc in tenur' Roger' [] ... & Kennanstowne ... vil' & ter' de Portemanny & ... in baron' de Donboyne. (Gul & Mar:3, *ibid*).

Faightear foirmeacha stairiúla den logainm *Baile Uí Dhubháin* i dTiobraid Árann agus i gContae Luimnigh, agus iad faoi struchtúr na Gaeilge, féach *Baile Uí Dhubháin > Bali idubain AD 1169-70 [TÁ]* (COD i:3, Price 1963:119; FSÁG 2:66) agus *Baile Uí Dhubháin > Baliiduban AD 1200 [Luim]*⁴⁴ (CDI 1171-1251:21, 136; FSÁG 2:66).

⁴⁴ Féach 'Poss. of Mainistear an Aonaigh, LK; prob. tl. Ballyduane, p. Mungret, b. Pubblebrien [Luim]' (FSÁG ii 2005:66).

[36] DRUMMAN

***Dromainn** (rogha an taighdeora 2014)

1)	10ú/11ú haois	i nDruimnib Breg	Stokes 1897:120
2)	1471-2	del dromyn X 2	SRPI Ed IV i:866 ⁴⁵
3)	1540-1	Drommyn	CSL 1540-1, 33
	1540-1	Dromyn	IMP:314
4)	1625	Druman	Car I 7 <i>ibid</i>
5)	1628	Dromynhall	Car I 40, Inq Lag
6)	1654	Dromine	CS:15, 20 (x 2), 24, 48
7)	1655-9	Drumyne	Is BN Goblet :207
8)	1655-57	Dromine 1	DS Ref:AL
		Dromyne 34	DS Map:AL
9)	c1668	Dromyne 4	BSD Index
		Dromyne	<i>ibid</i> 4, 1664 sa téacs
10)	1672	Drumine	Is HD Goblet :207
11)	1786	Dromyne	Archdall Mon Hib (White):536
12)	1812	Drummin	Co Map TC <i>logainm.ie</i>
		Drummin	Is Larkin
13)	1830	Drumin	BS:AL, TC <i>logainm.ie</i>
14)		Drumin	GJ Rates (Old Docket):AL, TC <i>logainm.ie</i>
15)	1830-40	Drumin	TCB:AL, TC <i>logainm.ie</i>
16)	1830-40	Drumman	JOD:AL, TC <i>logainm.ie</i>
17)	1835-6 revised 1899	Drumman Ho	Is SO
18)		Droman; drumuinn	pl:AL TC <i>logainm.ie</i>
19)		Dromainn ‘a ridge or long hill’	OD:AL TC <i>logainm.ie</i>
20)	2014	'dr̥m̥an	fogharscríobh, Dessie agus Ann Lynch

⁴⁵ Scríobhadh an cháipéis seo i bhFraincis, féach: ‘... Nicholas Russell del **dromyn** yeman (*sic*) ... en la paroche de diueleke husbanman ...’.

Is logainm coitianta é *Drumann*. Tá teacht ar 11 de bhailte fearainn in ocht gcontae ar fud na tíre, an ceann thuas atá i bparóiste Dhamh Liag, Barúntacht Dhamh Liag Íochtarach, Contae na Mí ina measc (*logainm.ie*).⁴⁶ Deir Ó Maolfabhail:

Tá tuairim agus 1,500 baile fearainn in Éirinn arb é *droim* go háirithe agus uaireanta foirmeacha de ar nós *droimín*, *dromainn*, *droimneach* atá ina bhuneilimint iontu (1985c:22).

Is cosúil gur ón bhfoirm *dromainn* atá an logainm atá faoi thrácht anseo díorthaithe. Is **drum(m)** i- tamhain neodrach a fhaightear in DIL (410) a bhfuil an bhrí ‘ridge’ nó ‘hill’ leis i logainmneacha. Is san iolra a fhaightear an chéad sampla a bailíodh don staidéar seo, atá le fáil i m*Bethu Phátraic* agus trácht á dhéanamh ar

cométaidi do-muintir Patraic ind Erind inambethaid béuss.
(Stokes 1887:120).

Ina measc siúd áirítear ‘fer ... i nDruimnib Breg’ (1).⁴⁷ Is *Dromainn* (19) a mhol Ó Donnabháin dó in 1838, agus chuir sé an ghluais ‘a ridge or long hill’ leis. Cuireadh na malairt litrithe *Droman* agus *drumuinn* (18) air ag an am sin freisin. Is iad *Drom[m]yn[e]* (2), (3), (7), (8), (9), (11), *Dromine* (6), (8), (10), *Dru[m]min[e]* (12) - (15), *Drum[m]an* (4), (16), (17) agus *Dromynhall* (5) na leaganacha atá le fáil sna cáipéisí Francise, Laidine agus Béarla. Is léir go bhfreagraíonn an guta Gaeilge *o* sa chéad siolla do *u* an Bhéarla in ortagrafaíocht na samplaí a bailíodh. Faightear malairt ghutaí *-y/-i/-a-* sa siolla neamhaiceanta. Is logainm aon eiliminte atá le fáil sna samplaí uile a bailíodh, seachas *Dromynhall* (4) ina bhfuil an eilimint Bhéarla HALL ag cáiliú na heiliminte Gaeilge DROMAINN. Is cosúil go raibh baile nó TON sa cheantar sa 17ú haois, mar luaitear

Ric’ Veldon de Dromenston in co’ Mid

⁴⁶ Tá an logainm *Drumman* le fáil i gContae Ard Mhacha, i gContae an Chábháin, i gContae Dhún na nGall, i gContae Fhearmanach, i gContae na hIarmhí (áit a bhfuil *Drumman* mar logainm ar thrí cinn de bhailte fearainn) i gContae Longfoirt, i gContae Ros Comáin agus i gContae Thír Eoghain.

⁴⁷ Áirím an sampla *Druimnib Breg* (1) sa Tábla thuas, mar tá cúpla logainmn nach bhfuil ró-fhada ó *Drumman* [36] luaite sa téacs a bhfuil *Druimnib Breg* le fáil ann. Is iad sin *Cluain nIraird* agus *Sleib Slánge*. Luaitear *Achud Fobair*, *Crúachan Aigli* agus *Gulpain Gurt* sa téacs céanna freisin (*op cit*).

sa bhliain 1631 (Car I 67, Inq Lag). Chonaiceamar cheana, gur nascadh eilimintí Gaeilge agus Béarla le chéile i gcás *Betaghstown* [4] agus tá sé seo le feiceáil arís agus na heilimintí HALL agus TON nasctha le DROMAINN.⁴⁸

Thángthas ar roinnt leaganacha den logainm a bhaineann le tréimhsí ama níos luaithe ná an sampla *dromyn* (1) a scríobhadh sa 15ú haois, ach is deacair a rá go cinnte go mbaineann siad leis an *Dromann* atá faoi scrúdú anseo. Is iad sin *Druming* c 1202-1210 (ICL:216), *Drunin/ Drumin* AD 1211 (*ibid*:77), *Dromyn* AD 1329 (CGR:155 *f.200d*) *dromyng* AD 1463 (SRPI Ed IV i:198), chomh maith le *Dromynefield* AD 1596, (an eilimint Béarla *field* mar cháilitheoir aige) i gcáipéis de chuid Eilíse (Eliz 229/153, CI 1991, 301 (4)). Tá *Dromen* luaite le roinnt áiteanna i gCill Dara, cé nach bhfuil aon *Dromainn* i gCill Dara níos mó (Car I 111, 143) ach an oiread le *Dromyns juxta Donshaughlin/ Dromin juxta Dunshaghlin* nach bhfuil le fáil níos mó i gContae na Mí, ar frítheadh tagairtí dó i gcáipéisí na 17ú haoise (Jac I:24 Inq Lag, Car I 137 *ibid*).

Tá imlíne airde de 50 méadar ar an taobh thiar de Dhromainn agus imlíne airde eile de 40 meadar ar an taobh thoir de. Fásann foraois mheascaithe sa bhaile fearainn *Drumman* ar an ndromainn (Is 43 SO 2010).

⁴⁸ Féach freisin *Curraghtown* [67] agus *Calliaghstown* [74] agus na logainmneacha a bhfuil eilimint Ghaeilge agus eilimint Bhéarla nasctha in aon logainm amháin, Caibidil 4, III, (i).

[37] DULEEK / DAMH LIAG (ainm deimhnithe *logainm.ie* 2010)***Damh Liag** (moladh an taighdeora 2014)

[Fághtar giotaí ábhartha de théacsanna áirithe i gcolún 2 nó i gcolún 3.]

1)	486	Quies sancti Cianani Daimlíag cui Patricius Euangelium suum largitus est.	Chron Scot:30
2)	488	Quies sancti Ciannaini Daim liag. Is do tug Patraic a shoiscela.	Ann Tig :80
3)	488	Doimhliacc (gin)	ARÉ i:152 Cianán, espoc Doimhliacc décc.
4)	488/89	[Quies sancti Ciannaini cui sanctus Patricius evangelium/ Euangelium largitus est]	AU i:28 AU Mac Airt/ Mac Niocaill:54
5)	491	Daim Liac (gin)	Rawl B 503 ⁴⁹ in AI:62 Quies Ciannáin Daim Liac
6)	7ú haois	Domum Liacc (cusp) Cennani	Bieler 1979: 146 [Tíreachán] iuxta Domum Liacc Cennani
7)	724/ 725 ⁵⁰	Aldchu Doimliagg Doim Liacc	AU i:176 AU Mac Airt/ Mac Niocaill:178. 1
8)	749	Cearban Daimhliag (gin) décc	ARÉ i:350
9)	[753]	Daimliag (gin)	Ann Tig i:255 Quies Cerbain ...
10)	753/4	Doimliacc (gin) Doim Liacc	AU i:218 Quies Cerpain ... AU Mac Airt/ Mac Niocaill:208. 4
11)	778	Doimhliacc (gin) x 2 [recte 783]	ARÉ i:384
12)	780/81	Doimliacc (gin) Doim Liacc	AU i:254 AU Mac Airt/ Mac Niocaill:236. 5 Eicnech m Eistenaigh, equonimus Doim Liacc, γ Cu Dináise h Ciarraighe, morituntur
13)	782/783	Doimliacc (gin) X 2 Doim Liacc	<i>ibid</i> :256 Oengus mac Cruinnmhal abbas Doimliacc Fergus episcopus Doimliacc AU Mac Airt/ Mac Niocaill:238. 2 Féach freisin FFÉ iii:152, líne 2407
14)	784	Doimhliag (gin)	ARÉ i:390
15)	789	Daim Líac	Rawl B 503 AI:118

⁴⁹ Scríobhadh Rawl B 503 sa 15ú haois.⁵⁰ Tá na dátaí atá in eagrán AU de chuid Mac Airt/ Mac Niocaill bliain níos deireanaí sa chéad mhílaois, ná mar atá na dátaí sin in eagrán AU i (eag. Hennessey).

16)	788/9	Doimliacc (gin) Doim Liacc	AU i:266 AU Mac Airt/ Mac Niocaill:244. 3
17)	804	Doimhliacc (gin)	ARÉ i:414
18)	805 [<i>rect</i> 810]	Doimhliacc (gin)	ARÉ i:414
19)	809/810	Doimliacc (gin) Doim Liacc	AU i:296 AU Mac Airt/ Mac Niocaill:264. 1
20)	817	Cianáin (gin) Doimhliacc (gin)	ARÉ i:428
21)	818	Cianáin (gin) Doimhliacc (gin)	ARÉ i:430
22)	818/819	Doimliacc (gin) Doim Liacc	AU i:312 AU Mac Airt/ Mac Niocaill:276. 6
23)	819/820	Doimliacc (gin)	<i>ibid</i> :312
24)	820	Ailebra H. Muirli Epscop Air. ⁵¹ agus Daimliag (gin) moritur	Chron Scot:130
25)	824	Damliag Cianan (cusp)	Cogadh G re G ⁵² :6, VII Ro hairged leo, dna, Sord Coluimcilli, ocus ...
26)	c 830	ó Dom liacc Ciannan i mBregaib (tabh.) co Damliac Cianáin (cusp) ...	FO:244 (24 Mí Novimbir) ó Dom liacc Ciannan i mBregaib (tabh.) Is amlaid at: corp Cianain gan lobad gan leghad isin membrai frisin ndamliag anáir 7 is ed fotera sin .i Cairnech o Thulen tainic fecht co Damliac Cianáin (cusp) ...
27)	830	Daimhliacc Chianáin (cusp.)	ARÉ i:444
28)	831/2	Orggain Duimliacc (cusp) 7 firi Ciannactan cona chellaibh huilibh o genntibh Duim Liacc	AU i:330 AU Mac Airt/ Mac Niocaill:288, 3 Orggain Duim Liacc (cusp) & fini Ciannactai cona chellaibh huilibh o genntibh
29)	847	Doimhliacc (gin)	ARÉ i:476
30)	848/9	Doimliacc (gin) Doim Liacc	AU i:356 AU Mac Airt/ Mac Niocaill:308, 3
31)	849	... agus Finnachta mac Diarmada, Ab Daimliag (gin), et quieuerent	Chron Scot:148
32)	858	Doimhliacc (gin)	ARÉ i:492
33)	866	Doimhliacc Cianáin (gin)	<i>ibid</i> :504
34)	867/8	Doimlacc (gin)	AU i:378

⁵¹ Scíobhadh gluais air seo i bhfonóta 3 .i. 'Air. this word is abbreviated'.

⁵² Siltear go mb'fhéidir gurb é Muircheartach Mac Liag (†1016, mac Cucheartaigh, ard-ollamh le Briain Bóromha) a scríobh *Cogadh Gaedhel re Gallaibh*, agus cé nach ndeir Todd go deifnídeach gurb eisean a scríobh, deir sé 'its author was either himself an eyewitness of the Battle of Clontarf or else compiled his narrative from the testimony of eye-witnesses' (*op cit*:xix - xxv).

		Doim Liacc	AU Mac Airt/ Mac Niocaill:322, 3
35)	868	Cannan mac Dáluigh, Ab Daimlíag (gin), quieuit.	Chron Scot:160
36)	872	Gnia Princeps Daimliag et Episcopus lxxxviii [88] anno aetatis sui finiuit.	<i>ibid</i> :162
37)	870	Doimhliacc (gin)	ARÉ 1:514 [Gnia]
38)	871/2	Doimliacc (gin)	AU i:384 [Gnia]
		Doim Liacc	AU Mac Airt/Mac Niocaill:328, 1
39)	882 [<i>recte</i> 885]	Doimhliacc (gin)	ARÉ i:532
40)	884/5	Doimliacc (gin)	AU i:402
		Doim Liacc	AU Mac Airt/Mac Niocaill:340, 7
41)	885	Cormac Epscop Daimliag, extenso dolore quieuit.	Chron Scot:168
42)	890	Doimliacc Cianáin (gin)	ARÉ i:544 Oenachán mac Mailetuile, seacnabb Doimliacc Cianáin, d'ég.
43)	895	Doimhliacc (gin)	ARÉ i:552
44)	899/900	Doimliagg (gin)	AU i:414
		Doim Liacc	AU Mac Airt/Mac Niocaill:350, 4
45)	906	Daimhliag (gin)	Colman epscop Daimhliag et Lusga, quieuit. Chron Scot:180.
46)	906/7	Doimliacc (gin)	AU i:420
		Doim Liacc	AU Mac Airt/Mac Niocaill:356, 1
47)	918	Doimhliacc (gin)	ARÉ ii:598
48)	919	Finnchar, Epscop Daimliag quieuit.	Chron Scot:192 Cennanus do innradh do Galloibh iarsuidhe, et brisidh an doimlíag. Finnchar ...190-92
49)	920	feirtighis Doimhliacc	ARÉ ii:606
50)	919/920	Doimliac (gin)	AU 1:440
		Doim Liac	AU Mac Airt/Mac Niocaill:370, 3 AD 919 Finchar episcopus et/γ scriba optimus Doimliac/ Doim Liac feliciter pausauit. Scann Roiss Creae/Cree, et/γ scriba Cluana mic/m Nois quieuit. Sitriuc ua hImair ... Domliac Cenansa do brisiuth o Gentibh γ sochaidhe martrai ann. Domliac Tuileain do loscadh in eodem die.
51)	921/2	Doimliac (gin)	<i>ibid</i> :444
52)	927	Doimhliacc (gin)	ARÉ ii:620
53)	928	Tuathal O Enecain, Epscop Daimliag et Lusca, quieuit.	Chron Scot:198
54)	928/29	Doimliac (gin)	AU i:450 Tuathal mac Oenacain, scriba et

		Doim Liac	episcopus Doimliac AU Mac Airt/Mac Niocaill:389, 1
55)	933	Doimhliacc (gin)	ARÉ ii:630
56)	934/35	Doimliac (gin) Doim Liac	AU i:454 Maelbrigte, princeps Mainistrech, quieuit. Muiredach mac Maelbrigte, princeps Doimliacc immatura aetate obiit. AU Mac Airt/Mac Niocaill:384, 3
57)	941	Doimhliacch (<i>sic</i>) (gin)	ARÉ ii:646
58)	953	Doimhliacc (gin)	ARÉ ii:670
59)	954/55	Doimliacc (gin) Doim Liacc	AU i:472 Oengus mac Maelbrigte, airchinnecl Doimliacc, moriuntur. AU Mac Airt/ Mac Niocaill:398, 1
60)	961	Doimhliacc Cianáin (gin)	ARÉ ii:682 [Anaile, scribhnidh ... décc iar seandataidh.]
61)	984	Doimhliacc Cianáin (gin)	ARÉ ii:716
62)	1023	dar Doimhliacc Chianáin (tabh)	ARÉ ii:804 Creach lá Gulla dar deiscert mBreagh, ⁊ dar Doimhliacc Chianáin ⁊ Ainbhith ua Cathasaigh, toiseach na Saitne do mharbhadh dhóibh isin ló sin.
63)	1028	Orggain /Orcainn Doimliacc (cusp) la firu Manach Doim Liacc	AU i:558 AU Mac Airt/Mac Niocaill:464, 5
64)	1035	Scrin Coluim Cille et Damliag dargain do Galloibh Atha cliath.	Chron Scot:272
65)	1037	Doimhliacc Chianáin (ainm)	ARÉ ii:832 ... do orccain do Ghallaibh Atha cliath
66)	1045	Doimhliag (gin)	ARÉ ii:848
67)	1050	Damhliacc do losccadh (cusp)	ARÉ ii:858
68)	1070	hi nDaimhliacc Cíanain (tabh)	ARÉ ii:898 ro hadhnaiceadh [Glúiniarn, mac Diarmad, mic Maoil na mbó] hi nDaimhliacc Cíanain.
69)	1093	Doimhliag Chianáin (gin)	ARÉ ii:944
70)	1093	Daimliac-Cianna[i]n Daimliac Ciannan	AU ii:50 Aedh aircinnech ... in Christo quieuerunt AU Mac Airt/ Mac Niocaill:526, 2
71)	1093	Doimhliag Chianáin (gin)	ARÉ ii:944
72)	1105	co Damliac (cusp) co Damliac	AU ii:74 AU Mac Airt/ Mac Niocaill:544, 3
73)	1117	Daimliacc (gin)	<i>ibid</i> :96
74)	1119	Damliag Cianáin	Chron Scot:322 Damliag Cianáin do gabáil fo Murchadh .H. Maoilseclainn o Gailengoib, et

			an teach araibe do losgadh fair
75)	[12ú haois as LL]	Damliac Cianain (cusp) X 2	Cogadh G re G ⁵³ : 224. Atuaid arísi doib co ro argset Damliac Cianain (cusp) Sord Coluimcille ocus Damliac Cianain (cusp)...
76)	1123	i nDaimliacc-Cianna[i]n (tabh) i nDaimliac Ciannan	AU i:108. Gailenga do ghabail tighi i nDaimliacc-Cianna[i]n for Murchadh hUa Mael-Sechlainn, for righ temhrach, co roloiscset in tech 7 ochmogha taighi ime ... AU Mac Airt/ Mac Niocaill:566. 1
77)	1123	i nDoimhliag (tabh)	ARÉ ii:1016 Gaileanga do ghabhail tighi i nDoimhliag Chianain for Murchadh Ua Maoilseachloinn for rígh Teamhrach, 7 ro loscseat ochtmoghatt [80] teagh uime, 7 ro marbhadh sochaidhe dia mhuintir don chur sir
78)	1147	Doimhliag Chianain(gin)	ARÉ ii:1082 for chloictheach ...
79)	1149	Doimhliag Chianáin (gin)	<i>ibid</i> :1088
80)	1160	ó Doimhliacc (tabh)	<i>ibid</i> :1136
81)	c 1167 ⁵⁴	Doimhliag [i mBreghaibh]	Mart Gor:224, November 24, fonóta 2
82)	1169	Damhliac Cianna[i]n (cusp.)	AU ii:160 ...do loscadh. AU Mac Airt/Mac Niocaill
83)	1169	Doimhliag Chianáin (cusp)	ARÉ ii:1170
84)	1171	Doimhliag Chianain (cusp)	ARÉ ii:1184 Chreach Doimhliag Chianain do dhénamh lá ridiredhadh Míli Chocan, 7 torchratar aroile dhíobh arnabhárach lá gallait Atha cliath in eineach Chianáin.
85)	[c1174- 84 & 1211-13]	priore de Duuelech X 4 Abbas Sancte Marie de Duuelech	Chart St Mary's Abb Dublin i: 68 Cairt 45, 157 Cairt 134, 159 Cairt 135, 246 Cairt 235. 177 Cairt 150
86)	c 1188-91	de Develech	Chart. St Mary's Abb Dublin ⁵⁵ ii:25
87)	1194-1224	Duuelec [Duuelech/ Diuelek Deueleck/ Duflec]	Reg. Ab. St. Th. Dublin: 265, CCCX Féach freisin lgh. 281, 285, 71, 342, 42, 51, 61, 292, 321, 325, 348, 411, 33, 34, 36, 91, 97, 125, 126, 232, 237, 268
88)	idir 1194 agu	ecclesiam Sancti Michaelis	<i>ibid</i> : 259, CCCIV [Cuirtear síos ar na

⁵³Teaglamú de 3 lss atá in Cogadh G re G: 1. LL, 2:14ú aois (cf *op cit*: xiii - xiv), 3:1635 páipéir, MI Ó Cléirigh, Brussels.

⁵⁴Ciannan [epscop Doimhliag i mBreghaibh] Mart Gor:xix, fonóta 6.

⁵⁵Cáipéisí le *Gilberto Priore* 1174-84 agus 1211-13 atá anseo; ba shin aimsir *Eugene Clonard* freisin.

	1224	de Duuelec	deachúna anseo - bladorum, vitulorum, agnorum, porcellorum, caprarum, lane e lin, et feni, et caseorm, vel alicujus rei unde santa ecclesia solet exigere decima vel recipere, detinent excommunicavimus, et excommunicato denunciavimus ...]
89)	1209	apud Duuelech	<i>ibid</i> : 350, CCCXCIII
90)	1211- 12	Duielech	Pipe Roll John 1211-1212:20
91)	1226	Abbas Sancte Marie de Duuelech	Chart St Mary's Abb Dublin i:177
92)	1235	Duuelec	Reg. Ab. St. Th. Dublin: 259, CCCIV
93)	c1256	ecclesia sancti Patricii de Duuelec	22 ICL:222
94)	1271	Dyvelek	CDI 1252-1284:155, 909
95)	1276	Dyveleck	<i>ibid</i> :225, 1232
96)	1279	Duleek [Divelek] Duleek ⁵⁶	<i>ibid</i> :311, 1574. <i>ibid</i> :311, 1575
97)	1283	[?Duleek X 2] ⁵⁷	<i>ibid</i> : 487, 2105, 2106
98)	?1280	Duuelech	CGR: 27, f.21d: in valle de Lanie
99)	1280	Duuelek X 2	<i>ibid</i> :28, f.22
100)	1284	Dyvelek [Duleek] de Diveleck [of Duleek]	CDI 1252-1284:532, 2303, <i>ibid</i> : 532, 2304
101)	c 1290	Dyuelek	CGR:49, f.58d
102)	c 1290	[the town of] Diuelecke	23 rd report of the Deputy Keeper of Public Records in Ireland (Dublin 1891):87, 529. William son of Hugh, clerk of Mora, grants to the canons of Lanthony near Glouster, a third part of the 'gret' mill and the 'castle' mill in the town of Diuelecke: rent, a pair of white gloves or a halfpenny to grantor ... [Féach freisin 127, 784.]
103)	c1300	Dyuelek X 2	CGR:50, f.59
104)	1300	Abbis sce Marie de Diueleek	Ed I SRPI:232
105)	1302-06	Develek X 2 <i>recte</i> Deuelek ⁵⁸	= 713 Taxation of the Diocese of Meath

⁵⁶ Tá *Divelek* curtha i líubíní cearnógacha i ndiaidh *Duleek* ag an eagarthóir sa chéad sampla. Glacaim uaidh seo gur *Divelek* a bhí sa bhuncháipéis, agus gur amhlaidh a bhí i samplaí na bliana 1279 (97).

⁵⁷ Ar chuir an t-eagarthóir an fhoirm chomhaimseartha san eagrán? Féach gur *Duleek* [*Divelek*] atá aige i sampla (96) thuas.

⁵⁸ St Michael de Develek*... St Mary de Develek* féach *Deuelek? (*corrigenda* xii)

	Duleek	CDI:252
106) 1314	Deuelek X 2	<i>ibid</i> [1175-1397]:31, <i>f.26d, f.27</i>
107) 1315 AD	Deuelek	23 rd report of the Deputy Keeper of Public Records in Ireland (Dublin 1891):127, 784
	Deuelek	<i>ibid</i> :92, 549 churches of Colp, Marnerstown ... Deuelek ... John de Nany [1315 AD]
108) Gan dáta	Dyuelek X 2	CGR:42, 43, <i>f.44d, f.45</i>
109) 1323	Dyueleke	<i>ibid</i> :52: <i>f.62</i>
110) 1325	Dyueleke X 2/ Dyuelek	<i>ibid</i> :51, <i>f.61,</i>
111) 1332	Dyueleke/ Dyuelek	<i>ibid</i> :52: <i>f.61d</i>
112) 1332	Dyuelyke, Dyuelek X 6, Dyuelek/ castri de Deuelek, villa de Daveleck Prioris de Diueleke [432] Diueleke [432] Diueleeke iuxta Carricrothery [434] Diueleeke [434]	Otway-Ruthven A.J. 1968:423, 424, 424, 426, 432, 434
113) c 1340	Dyuelek	CGR:46, <i>f.52</i>
114) 1341	Dyueleke X 3	<i>ibid</i> :52, <i>f.61</i>
115) 1342	Dyuelek	<i>ibid</i> :51, <i>f.60 d</i>
116) 1343	Dyuelek	<i>ibid</i> :47, <i>f.54d.</i>
	Dyuelek	<i>ibid</i> :82, <i>f.102d</i>
117) 1344	Dyuelyk	<i>ibid</i> :83, <i>f.103</i>
118) 1366	Dyuelek X 3	Dowdall Deeds:96, 237
119) 1381	ecclesie sancti Patricii de Dyuelle	ICL 98: 292 [X 2]
120) 1407	de Diuelek Dyuelek	Reg Fleming: 41, uimh. 48
121) 1409	Dyueleke Dyuelek X 6	<i>ibid</i> : 120, uimh. 121 <i>ibid</i> : 121 [X 3], 123 [X 2], 124
122) 1409	Dyuelek	<i>ibid</i> :100, uimh.106
123) 1412	Dyulyke Dyueleke	<i>ibid</i> :203 uimh. 204
124) 1426	Dyvelek ?=Duleek [athraithe ag eag.?)	Reg Swayne:44 <i>ibid</i> :49
125) 1427	Dyveleke	<i>ibid</i> :74
126) 1428	Diveleke	<i>ibid</i> :77

127) 1431	Dyveleke	<i>ibid</i> :130
128) 1440	Dyuelek X 14	Reg Mey: 19, 12 [X 5]; 25, 17 [X 2]; 45, 34; 29, 21[X 3];30, 21; 43, 33; 96, 110
129) 1455	Diuelek	Reg Mey: 352, 335;
130) 1455	diveleke	SRPI Hen VI:318
131) 1456	?duleke	<i>ibid</i> :440
132) 1459	diveleke	<i>ibid</i> :628
1459	dyveleke, vile de dyveleke	<i>ibid</i> :630
133) 1463	pres diveleke	SRPI Ed IV i:106
134) 1465	de diveleke	<i>ibid</i> :284
	de divelek	<i>ibid</i> :380
	a divelek	<i>ibid</i> :382
	en dyveleke	<i>ibid</i> :414
135) 1470	dyueleke	<i>ibid</i> :668
	Meason de la benoit Virgine Mar	<i>ibid</i> :682
	de dyveleke	
136) 1471-2	in Dyueleke	<i>ibid</i> :856
	dyveleke	<i>ibid</i> :862
137) 1472-3	partie del marede dyveleke	SRPI ii:32
138) 1475-6	diueleke	<i>ibid</i> :399
139) 1478	a dyueleke	<i>ibid</i> :642
140) 1479-81	vile de dyveleke	<i>ibid</i> :828
141) 1481	les maudelyneslandes de diveleke	<i>ibid</i> :882
142) 1537	Duelek/e	IMP 1540-1: 60, 51
143) 1540-1	Dueleke	<i>ibid</i> : 260, 314, 317, 318
144) 1540-	Doilyke	<i>ibid</i> :19
145) 1541	Dulyk/e	<i>ibid</i> :105,
146) 1540-1	Dulick/e	<i>ibid</i> :273, 222, 317, 321
147) 1540-1	Dulek/e	<i>ibid</i> :279
148) 1540-1	Dueleke, Dulyk, Dulicke Doilyke, Dueleke X 3, Dulicke, Duleke Doilyke, Duelek, Dulek	<i>bid</i> ::51, 105, 222, 314, 317, 318, 321, 279, [Bar.] 19, 60, 273
149) 1543	Dweleke	IFTS i (Hen VIII): 43 F377.
150) 1544-45	Dueleke 36 th Hen VIII	IFTS iii (Hen VIII):632 F6797
151) 1546 -7 &	Duleke X 2	IFTS i (Hen VIII): 58 F517

	1550		<i>ibid</i> :139 F489
152)	1559	Duleke X 3	<i>ibid</i> (Ed VI): 139, 144, 153 F489, F536, F637
153)	1553-8	Dueleke	<i>ibid</i> (P & M): 297, F20.
	1558	Doleke by Bewbek/Duleke/	<i>ibid</i> :322, F245
	1558	Dewleke	
		Duleke X 2	<i>ibid</i> :323-324 F252
154)	1559	Duleke	IFTS ii (Eliz):6 F58.
	1560	Duleke	<i>ibid</i> :26 F243,
	1560-1	Dueleke	<i>ibid</i> :34 F306
	1564	Dewleke X 3,	<i>ibid</i> :72 F622,
	1567	Dewlek	<i>ibid</i> :144 F1169,
	1569	Dulicke X 2	<i>ibid</i> :188 F1460,
	1578	Deweleeke X 2	<i>ibid</i> :468 F 3414. <i>ibid</i> :469 F3418, <i>ibid</i> :49
	1579	Deweleeke X 2	F3564,
155)	1590	Duleeke/Duleke X 2	IFTS iii (Eliz):101 F5422.
	1599	Duleeke	<i>ibid</i> :340 F6310
156)	1598	Dowleck ⁵⁹	Hogan 1878:91
157)	c1634 ⁶⁰	Daimhliag (gin) X 3	FFÉ iii:298 líne 4675. <i>ibid</i> 152, líne 2407. <i>ibid</i> 302, líne 4731
158)	1654-6	Duleeke [P] Duleeke Duleek Dewleeke	CS:15 X 3, 16 X 12, 17, 18, 19 X 2, 20, 21, 22, 23 X 2 17 X 2, 18, 19, (commons of D. 21)
159)	1655-9	The Barrony of Duleeke [P] Duleeke X 2	DS:Innéacs Is Duleeke & Abby Parrishes by Thoma: Clarke. An Exact copy by Dan ^l O Brien Surv ^r . Cf. cóipeanna Dan ^l O Brien de Is Parrishes of Ballingarvy and Kilmoone l West/ Wilson agus cf. an chóip de Parrishes of Killcarvan, Colpe & Julianstown le Ferrard sa Réamhrá.
160)	1655-9	Dueleeke [P]	Is BN Goblet:17
161)	1659	Duleeke [P] Duleeke towne	Census:479
162)	c1668	Duleeke 5 Duleek Townland	BSD Index <i>ibid</i> 5, Teideal sa téacs

⁵⁹ Tá liosta de na bailte a raibh margadh iontu san fhoise seo a chuireann síos ar Éire sa bhliain 1598.

Is mar a leanas a fhaightear Damh Liag:

Navan }Market Townes
Dowlick

⁶⁰ ... the History was completed by 1634, certainly before 1640 (FFÉ i:xi)

	land of Duleeke	<i>ibid</i> 5, 1663 sa téacs
	Part of the Townland of Duleek	<i>ibid</i> 5, 1663, 1668 sa téacs
163) c1672	Dueleck/ Duleeck [P]	Is HD Goblet:17
	Dueleckstowne, P Duelecke	<i>ibid</i> :207
164) 1689	Duleek	Is le Petty
165) 17ú haois	[Cianan] Daimhliacc (gin.)	GRSH:123
166) 1700	Duleek/e [P]	Forfeited estates 1700:81, 82 X 2, 83 X 3, 86, 87, 88, 89, 90
	[Part of] Duleek	<i>ibid</i> :83
167) 1712	P of Duleeke	RDD AW i: 27, 63
168) 1786	Duleek X 2, Duleek X 3	Archdall Mon Hib (White):533 ⁶¹ 536 X 2, 537
	[common-green of] Duleek	539
	[le Magdelyns in] Duleek	539
169) 1836	Du'lice	OSL:135
170) 1836	Damh Liag 'a stone church'	OD AL <i>logainm.ie</i>
171) 2010	'Du: 'li:k	fogharscríobh: Paddy Lenihan †2013
172) 2013	Du: 'li:k	Mary Flood, Knockcommon

Feidhmíonn Damh Liag/ *Duleek* mar logainm bharúntachta, pharóiste agus bhaile fearainn i gContae na Mí. Is logainm é a bhfuil a bhunús i bhfoirm de *Doim liacc*, atá díorthaithe ó na heilimintí DAMH agus LIAG (gin de LIA). Faightear ainm an naoimh *Cianán* i bhfoirmeacha an logainm ón 9ú haois go dtí an 12ú haois .i. *Daimhliag C[h]ianáin*.⁶²

Is mar 'house, home' a mhínítear an focal **dom, dam** in DIL, agus 'stone house, stone church' is brí le **da[i]m liacc**. Is mar chomhfhocail a fheictear *da[i]m liacc* go hiondúil de réir DIL, ach scartar an dá fhocal óna chéile in amanna mar a phléifear thíos. Is ar an dara siolla atá an bhéim /'Du: li:k/ (171), (172), agus is amhlaidh a bhí sa 19ú haois nuair a bhí Ó Conor sa bharúntacht, mar thaifead sé:

Duleek is commonly pronounced Du'lice (169) sa Tábla thuas),

⁶¹ 'This almost desolated village has its situation four miles south-west of Drogheda, and from the ruins which are every where observable, we must suppose it was once a town of note; at present it retains no other marks of ancient magnificence than giving name to the barony, and being represented by two members in parliament' (Archdall:533). '... on the North side of the common-green of Duleek and the castleoust containing 2 acres of pasture with the furze cow-park and' (*ibid*:539).

⁶² Féach na blianta AD 824, 830 (X 2) 890, 961, 984, 1023, 1037, 1093 (X 3), 1119, 12ú haois, 1123, 1147, 1149, 1169 X 2, 1171 sa Tábla thuas.

agus chuir Ó Donnabháin an fonóta seo a leanas le nóta O’Conor:

which is a strange corruption of Damh-liag, Domus Lapidea

Deir O’Rahilly:

The word *dam*, ‘house, dwelling place’, is already obsolescent in the Old Irish period⁶³ being mainly confined to the phrases *dam liac*, a term applied in Christian times to a kind of stone church, and *dom* (*dot*, *dia*, etc.) *daim*, ‘to my (thy, his, etc.) house’, meaning ‘to my (thy, his, etc.) house’, meaning ‘(to) home’. ... [mar sh.] *tíag dum daim* ‘let me go home’ ... *fodruim* [= fo-t-ruim] *dot daim* ... *airc* [= airg, eirg] *dot daim* ... In such expressions *daim* was later replaced by the better known *taig*, *tig* dat. of *tech* ... (1950:332-33)

Is ón bhfocal **lie/ lia** ‘stone’, gin. **liac**, iolra **lieic** (**liaic**, **liic** níos deireanaí) a thagann cáilitheoir na príomheiliminte (GOI:63 §100, 173§271, 204§321). Is focal firinsneach é (o-tamhan guthach) a bhfuil corrshampla de le fáil mar fhocal baininsneach (DIL).

Bailíodh raidhse tagairtí don logainm as na hAnnála ón 5ú haois i leith, féach mar shampla:

- AU: *Doimliacc/Doim Liacc* (gin) (7), (10), (12), (13), (16), (19), (23), (30), (38), (40), (46) srl, *Doimlacc* (gin)/ *Doim Liacc* (34), srl, *Doimliagg/Doim Liacc* (gin) (44), *Duimliacc* (cusp) (28), *Damliac* (cusp) (72), *Daimliac Cianna[i]n* (70), *Daimliacc-Cianna[i]n* (tabh) (76);
- Ann Tig: *Daim Liag* (gin) (2), *Daimliag* (gin) (9),
- Chron Scot: *Daimliag* (gin) (1), (31), (35), (36), (41), (48), (53), (64), *Daimliag* (gin) (24), *Damliag Cianáin* (ainm) (74),
- AI: *Daim Liac* (gin) (5), *Daim Líac* (gin) (15), agus
- ARÉ *Doimhliacc* (gin), *Daimhliacc* (gin), *Doimhliag* (gin), *Doimhliacch* (sic) (gin),⁶⁴ *Doimhliacc Cianáin* (gin), *Doimhliag Chianáin* (gin), *Daimhliacc Chianáin* (gin), *Doimhliag Chianain* (gin), *Doimhliacc Chianáin* (ainm), *hi nDoimhliacc Cíanain* (tabh), *i nDoimhliag* (tabh), *ó Doimhliacc* (tabh).

⁶³ Deir Ó Rahilly: ‘That the word is a native one, and not a borrowing from Latin, I hope to show elsewhere (*Op cit*:332, fonóta 3). Ar éirigh leis é sin a dhéanamh? Ní hé tuairim Uí Mháille go bhfuil an focal **dom/ dam** gaolmhar leis an bhfocal Laidine *domus* (*passim*) agus tá comhartha ceiste curtha leis an léirmhíniú sin in DIL.

⁶⁴ Ní *punctem delens* go baileach atá os cionn an -c# san fhoirm seo, mar -cc = g. Is dócha gur botún é.

Tá *Damliag Cianan* (cusp) (25), (75) le fáil in Cogadh G re G. Tá *Dom liacc Ciannan i mBregaib* le fáil in FO (26), agus faightear *Doimhliag i mBreghaibh* in Mart Gor (81). Scríobhadh na foirmeacha Gaeilge *Daimhliag* (157) agus *Daimhliacc* (165) sa 17ú haois agus scríobh Ó Donnabháin an fhoirm *Damh Liag* san Ainmleabhar agus an ghluais ‘a stone church’ leis sa 19ú haois.

Domum Liacc Cennanni (6) is ea an fhoirm Laidine a bhí ag Tíreachán agus tá sé soiléir gur AINMFHOCAL + AINMFHOCAL (gin) + AINM PEARSANTA .i. DOMUS agus LIA (+ gin) + CENANNUS (+ gin) - is bunús le *Damh Liag Chianáin. Tugtar faoi deara go bhfuil an chéad dá eilimint scríofa mar dhá ainmfhocal in eagrán Mhic Airt/ Mhic Niocaill de AU,⁶⁵ féach *Doim Liacc* (gin) (7), mar dhá ainmfhocal in Ann Tig .i. *Daim Liag* (gin) (2), mar dhá ainmfhocal in AI .i. *Daim Liac* (gin) (5), *Daim LÍac* (gin) (15), mar dhá ainmfhocal agus le breis cáilíochta ar an dá ainmfhocal i bhFO .i. *Dom liacc Ciannan i mBregaib* (26), ach seachas na heisceachtaí sin, is mar chomhfhocal atá sé scríofa sna heagráin éagsúla eile.

De réir an tseanchais, ba é Pádraig a chuir tús le traidisiún fada na Críostaíochta in *Duleek*, agus bhunaigh sé teach pobail ann. D’aimsigh seandálaithe bunchlocha luatha faoi dhá sheanbhalla an fhothraigh a tógadh ar an suíomh, a meastar gurb é sin suíomh theach pobail Phádraig (Bradley 1980-81:42, 44, 46). Bhí teach pobail ar an suíomh sin ar feadh na gcianta agus tagraítear dó *circa* 1256, 800 bliain níos deireanaí, féach:

ecclesia sancti Patricii de Duuelec (22, ICL:222).⁶⁶

Bhí mac altrama ag Pádraig ar ar bhaistigh sé *Cianán* sa bhliain 450 (Archdall :533).⁶⁷ Luaitear *Cianán* le *Damh Liag*, mar gur bhunaigh seisean mainistir san áit, tar éis go ndearna Pádraig easpag de (AU i:28, (4) sa Tábla thuas, Bieler 1979:131, O’Boyle 1989:9-11). Thóg *Cianán* teach pobail as cloch, gar don teach pobail a bhí bunaithe cheana féin ag Pádraig, arbh í *Domum Liacc Cennanni* (6) i leabhar Ard Mhacha an chéad tagairt stairiúil dó (Bieler 1979:131, 147).⁶⁸ Cláraíodh bás Chianáin sa bhliain 486

⁶⁵ Is mar chomhfhocal atá siad scríofa in eagrán Henessey de AU.

⁶⁶ ICL 98: 291-293, c AD 1381. Tá fothracha ann i gcónaí agus cloch i gceann de na ballaí a bhfuil ‘Ór do Scannlán’ snoite uirthi. Baineadh leas as na fothracha seo chun coimhle a dhéanamh sa 19ú haois (OSL:135).

⁶⁷ Tá roinnt seanchais le fáil faoi Phádraig agus Cianán. Rinne Pádraig agus Cianán tras-scríobh dá gcanóin agus thóg Pádraig cóip Chianáin mar gur shíl sé go raibh scríbhneoireacht Chianáin níos áille ná a scríbhneoireacht féin (FO:244). Féach freisin (2) thuas. Tá teacht ar sheanchas a bhain le *Cianán* agus le *Carneach* in FO, chomh maith le trácht ar oilithreacht *Adamnán* go tuama Chianáin (*passim*). Is cosúil gur tugadh corp Cholm Cille chuig tuama Chianáin i ndiaidh a bháis (*passim*).

⁶⁸ Féach freisin O’Boyle 1989:9-13.

de réir Chron Scot (1), sa bhliain 488 de réir Ann Tig (2), ARÉ (3) agus AU (4). Is sa bhliain 491 a taifeadh a bhás in AI (5).

Ba é *Argetbor* an t-ainm a bhí ar Dhamh Liag sular athainmníodh é (Bradley 1980-81, Brady 1958:10, Bieler 1979:131, féach freisin Caibidil 3, 3.1).⁶⁹ Tá sé ráite gur bhunaigh Pádraig ocht dteach pobail in *Campo Breg* agus gur ar *Argetbor* a bhunaigh sé an t-ochtú ceann, áit ar oirnígh sé *Kannanus* ina easpag sa 5ú haois, féach:

viii super Argetbor, in qua [fuit] Kannanus episcopus quem ordinavit Patricus in primo pasca hi ferti uirorum Feicc (Bieler 1979:131).

Nuair a chuirtear fianaise na nAnnála san áireamh, is léir gur foirm Laidine den ainm *Cianán* (féach (1), (2), (4), (6) thuas), atá in *Kannanus*, agus tagraítear dó agus do Phádraig i dtréimhse bhunú na Críostaíochta in Éirinn.

Mainistir thábhachtach i dtréimhse na Luath-Chríostaíochta a bhí i n*Damh Liag* [*Chianáin*] (Swan 1973:12-20). Tá teacht ar thuairiscí leanúnacha uirthi ón 8ú haois i leith sna hAnnála. Tá taifead ar na h-abáí, faoi na blianta 724, 749, 753, 778, 782, 784, 789, 805, 847, 849, 858, 866, 868, 895, 899, 933, ar an seach-ab *Oenachán mac Mailetuile, Doimliacc Cianáin*, a d'éag sa bhliain 890, ar na hairchinnigh faoi na blianta 953, 984, 1045, 1093 agus ar na hEaspaig faoi na blianta 488, 778, 782, 820, 828, 882, 902, 918/ 919, 927/ 928/ 929, 941, 1117 (féach an Tábla thuas). Is léir go raibh teach screaptra (*scriptorium*) sa mhainistir, mar tá tagairt don bhás suaimhneach a fuair

Finchar episcopus ⁊ scriba optimus Doimliac/ Doim Liac (919/ 920 AU i:440/ Mac Airt, Mac Niocaill:370. 3)

sa 10ú haois agus tá taifead eile ón aois sin ar

Anaile, scribhaidh Doimhliacc Cianáin, a décc iar seandataidh (961 ARÉ ii:682).

Is cosúil go raibh gean ar leith ag na manaigh ar

Gnia epscop abb Doimhliacc, angcoire ⁊ scribhneóir (870 ARÉ i:514, AU i:384)

⁶⁹ Luann Bradley gur aimsigh Philip Cuffe an logainm *Borr Hill* chun tacú leis an léirmhíniú seo (*op cit*:48, féach freisin 50, fonónta 18), ach deir sé nach bhfuil Pádraig luaite i dtagairt eile a bhí ag Tíreachán, (6) thuas.

a d'éag sa bhliain 870 in aois a 87 mbliana, mar scríobhadh ceathrú a chaoineann a bhás i ndiaidh an taifid thuasluaite (*ibid*).

Luadh comharbaí Chianáin sna blianta AD 817, 818, 870, 1098, 1127 agus tá taifead ar

Loingseach, mac Aonaccáin, feirtíghis Doimhliacc
(920 ARÉ ii:606)

a d'éag sa bhliain 920.

Bhuail fórsaí an nádúir cloigtheach na mainistreach sa bhliain 1147:

Caor theineadh... for Chloicthech Doimhliag Chianain, co ro
thrasgair a bendchobhar de (1147 ARÉ ii:1080-1082).⁷⁰

Agus, ar ndóigh, cláraíodh móreachtraí scriosta an Ghail, idir Lochlannaigh agus Normannaigh sna hAnnála. Argadh Damh Liag Chianáin thart ar naoi n-uaire idir an 9ú haois agus an 12ú haois. Is ón mbliain 824 a thagann an taifead seo:

Ro hairged leo [.i. longes ele [de] genntibh gormglasa
gusmara], dna, Sord Columcille, ocus Damliag Cianan ...
(824 Cogadh G re G:1, I., 6, VII.)

Ba sa bhliain 830 nó 831-32 a tharla an eachtra sin, de réir tuairiscí eile:

Orgain Daimhliacc Chianáin, 7 fine Chiannachta, co na cealla
uile, la Gallaibh (830 ARÉ i:444, agus AD 831-32 AU i:330).

Is cosúil go raibh treabhchas Chiannachta fós láidir sa cheantar an t-am sin,⁷¹ agus ní raibh a mbealach féin ar fad ag na hionsaitheoirí i gcónaí, mar is léir ó thuairisc na bliana 881:

Duirtech Cianain do brisiodh do galloibh, ocus a lán do
maoinib do breth ass, et postea Barid mac Imair, cenn
Normandis do héc tre miorbal Dé ocus Cíanáin (Chron
Scot:166).

Rinneadh mórscris eile ar an mainistir sa bhliain 1023, tuairim is céad caoga bliain ina dhiaidh sin:

⁷⁰ Tá rian den chloigtheach le feiceáil inniu ar an mballa thuaidh de thúr cearnogach a tógadh sa 16ú haois le hais an seanchloigthí.

⁷¹ De réir French (2009:7) tháinig fine Uí Néill chun chumhachta sa 7ú haois agus thug siad 'ríthe Chiannachta' orthu féin. Féach freisin Bradley (1980-1:59).

Creach lá Gulla (*sic*) dar deisceart mBreagh, ⁊ dar Doimhliacc Chianáin, ⁊ Ambhith Ua Cathasaigh, toiseach na Saithne, do marbhadh dhóibh isin ló sin (ARÉ ii:804).

Argadh *Doim Liacc* ‘la firu Manach’ sa bhliain 1028, agus d’ionsaigh Gaill Átha Cliath an mhainistir naoi mbliana ina dhiaidh sin:

Scrín Cholm Chille, ⁊ Doimhliacc Chianáin do orccain do Ghallaibh Átha cliath (1037ARÉ ii:832).

Turaiscítear faoin mbliain 1149 gur

Leath Doimhliag Chianáin dorocain lá Gallaibh Átha cliath, ⁊ lá Diarmait Mac Murchadha co lLaighnibh, ⁊ do mharbhsat Diarmait mac Maghnasa Uí Lochlainn, tanaissi Oiligh, ro bhaí acc díoghail na hoirgne ... (1149 ARÉ ii:1088).

Loscadh Damh Liag sa bhliain AD 1050:

Damhliac Cianna[i]n do loscadh (1150 AU ii:160, féach freisin AD 1150 ARÉ ii:1170).⁷²

agus loscadh arís é sa bhliain 1169.

Mainistir dhúchasach, a bhí i n*Damh liag Chianáin*, a bhí neamhspleách ar an Róimh (Archdall 1786:xvii),⁷³ go dtí an argain ‘lá Gallaibh Átha cliath’ sa bhliain 1149 thuasluaite. Bhí ré nua i ndán di le teacht *Muircertach hUa Ceallaigh rí Brega c1150* (Gwynn, Hadcock 1970:173), bliain i ndiaidh an scriosta sin, nuair a d’atheagraigh *Muircertach* Mainistir Chianáin mar mhainistir Agaistíneach *Aroasiach* ar an tseanláthair. Tionnaíodh do Mhuire í, agus athraíodh a hainm go Mainistir Mhuire (*St Mary’s Abbey*).⁷⁴

⁷² Faightear tagairtí do chostas dhíonta a bheadh déanta le luachra chomh maith le díonta a bheadh tógtha le slinn in H.3.17, 1313 - 1498. Bheadh díonta tuí so-loiscthe. Tá teacht ar aistriúchan lámhscríofa de H.3.17 (O’ Donovan/ O Curry) faoin teideal *Fragments of Brehon Law V* 1313 - 1498 i leabharlann an RIA (D.916 H.3.17. 653).

⁷³ ‘The Irish clergy had for many centuries preserved an independent hierarchy, and resisted every attempt of the Roman Pontiff to subject them to the Papal See; but in the 12th century, Popery had broke in on the liberties of the Church’ (Archdall 1786: xvii).

⁷⁴ Féach freisin: ‘We find in a close roll 29th King Edward III that a priory was founded here for regular canons, by one of the family of O’Kelly long before the arrival of the English AD 1200 Gilebert (*sic*) was prior in the time of Simon Rochfort, bishop of Meath’ (Archdall 1786:537). Ba é Malaichí a thug an riail Agaistíneach go hÉirinn i ndiaidh cuairt a thabhairt ar an mainistir Agaistíneach in *Arrouaise* in 1139-1140, agus lean *Laurence O’Toole* leis an obair nuair a cailleadh Malaichí in 1148 (G & H:3). Maraíodh ag Sláine *Muircertach hUa Ceallaigh* in 1161 AD (AU ii:138). Frítheadh píosa dealbhadóireachta cloiche, a bhfuil ceannlitir cloigeannach *Romanesque* snoite uirthi agus is fianaise sheandálaíoch í gur

Is cosúil go mbíodh manaigh agus mná rialta i dteannta a chéile i *Mainistir Mhuire* i nDamh Liag Chianáin - bhí teach do mhná rialta tar éis a bhunaithe ar an láthair tuairim is 5 bhliana roimh atheagrú Uí Cheallaigh ar an mainistir, (*circa* 1144 nó beagán ina dhiaidh (*ibid*:310). D’athraigh na mná rialta go *Calliaghtown* go gairid i ndiaidh 1195 (féach *Calliaghtown* [74]).

Má bhí an mhainistir ag feidhmiú arís sa bhliain 1150 (díreach i ndiaidh an scriosta a rinneadh na Gaill sa bhliain 1149) agus arís eile (i ndiaidh an loiscthe a tharla sa bhliain 1169), bhí a thuilleadh trioblóide i ndán di. Tháinig Mílo de Cógáin agus na Normannaigh sa bhliain 1171:

Creach Doimhliag Chianáin do dhénamh lá ridiredhadh
Míli Chocan (ARÉ ii:1184)

ach ní raibh sé i ndán do na ridirí uile teacht slán ón eachtra sin, mar tá sé ráite gur

torchratar aroile dhíobh arnabhárach lá gallaibh Átha
cliath in eineach Chianáin (*ibid*).

Mar sin féin, bhí na Normannaigh le fanacht sa tír, (féach Caibidil 3, 5). Mar thoradh air sin, ní as foinsí Gaeilge a bailíodh bunáite samplaí an logainm ón mbliain 1174 i leith, ach as cáipéisí na gcoilíneach. Breathnófar ar na foirmeacha a scríobhadar anois.

Is le *-u-* seachas le *-v-* a scríobhadh an logainm go leor den am - is gá *-v-* a léamh do *-u-* i gcuid mhór na samplaí ón 12ú go dtí an 15ú haois, féach *Duuelech* (85), (87), (89), (91), (98), *Duuelec* (87), (88), (92), (93), *Duuelek* (99), *Duielech* (90), *Dyue[l]lek[e]* (101), (103), (108) - (116), (118) - (122), (128), (135), (136), (139), *Dyulyke* (123), *Diuelecke* (102), (112), *Diuele[e]k* (104), (129), *diueleke* (138), *Deuelek* (106), (107), (112), *Dyulyk* (117).

Tá foirmeacha a bhfuil *-v-* le fáil iontu freisin, féach *Develech* (86), *Dyveleck* (95), *Dyvelek* (94), (100), (124), *Develek* (105), *Dyveleke/ dyveleke* (125), (127), (132), (135), (136), (137), (140), *Divelek/ divelek* (96), (101), (134), *Diveleck* (97), *Diveleke/ diveleke* (126), (130), (132) - (134), (141), *Daveleck* (112).

athtógadh an teach pobail sa 12ú haois sular tháinig na Normannaigh (French 2009). Mar sin, is dócha gur faoi athbhunaithe Mhuircheartach Uí Cheallaigh a snoíodh í, c AD 1150.

Is léir ó fhoirmeacha Laidine/ Béarla an logainm gur traslitríodh an *-mh-* den eilimint DAMH mar *-v-*. Mar sin, caithfidh sé go mbítí á fhuaimniú le /v/ sa chaint anuas go dtí deireadh na 15ú haoise, féach sampla deireanach na haoise sin .i. *diveleke* (141) a cláraíodh sa bhliain 1481. Is cosúil gur cailleadh an fhuaim am éigin idir 1481 agus 1537 - tá bearna san fhianaise idir na blianta sin. Ansin tosaíodh ar an logainm a fhuaimniú le /u:/ sa chéad siolla, cleachtas aitheanta atá tugtha faoi deara i gcás ghuta gearr roimh *-mh*, ar mhúnla na n-Ultach (SnaG:627, 4.4).⁷⁵ Is breis fianaise é sin, gur eilimint aonsiollach atá i gcéad siolla stairiúil *Duleek*

Ní fheictear rian den *-v-* níos mó sa 16ú haois, féach *Duelek[e]* / *Doilyke* / *Dulyk[e]* / *Dulick[e]* / *Dulek[e]* / *Dueleke* / *Dweleke* / *Dewleke* / *Duleke* / *Dueleke* / *Dewle[e]k[e]* / *Dulicke* / *Duleeke* / *Duleke* / *Doilyke* / *Dweleke* / *Doleke* / *Dewe[e]ke* / agus an fhoirm chorr *Dowleck* a scríobhadh ag deireadh na 16ú haoise.

Seachas *Dewleeke* (158) atá le fáil sa CS (chomh maith leis na foirmeacha *Duleeke* / *Duleek* (158), agus *Dueleck[e]* atá le fáil ar HD (163),⁷⁶ is mar *Duleek[e]* atá an logainm le fáil ón 17ú haois go dtí ár linn féin.

Níor bhac na coilínithe leis an défhoghar *-ia-* san eilimint LIAG, nuair nach raibh a leithéid d'fhóinéim ina dteanga féin, ní foláir. Ná níl aon rian fanta den défhoghar i mBéarla na ndaoine go comhaimseartha, féach (171), (172).

Tá cúpla sampla den logainm le fáil agus an eilimint TOWN leis, féach *Duleeke towne* (161) agus *Dueleckstowne* (163) ina bhfuil mír shealbhach an Bhéarla s léirithe idir *Dueleck* agus *towne*. Is foirmeacha corra iad *Doilyke* (144), (148), *Dweleke* (149).

Thángthas ar roinnt tagairtí do thithe pobail a bhí tógtha le cloch sna hAnnála le linn an staidéir seo. Is dócha gur ceann tuí de shaghas éigin a bhíodh ar na damha liaga sin. Seo samplaí de dhamha liaga ar loisceadh iad, féach:

839 Losccadh Arda Macha co na dearthaighibh, & co na daimhliacc, las na Gallaibh ... (ARÉ i:460)

840 Losccadh Aird Machae co na dert[h]ighibh, & a doim liacc (AU Mac Airt/ Mac Niocaill:298. 3)

agus

995 Ard Macha do losccad do thene saighnén ettir tighibh & domhuliacc [sic], & cloictheacha, & a fithneaimhedh (995 ARÉ ii:734)

agus

⁷⁵ Is /u/ a bhíonn in aonsiollaigh, féach *domh* [duh] 'dom' (*ibid*).

⁷⁶ Ar ndóigh tá *Dueleek* (162) le fáil ar HD freisin.

1058 Imleach Iubhair do loscadh co léir eittir daimhliacc & cloichtheach (1058 ARÉ ii:874)

agus

1055 Dam liac Cille Finnabrach do loscud ina medon (1055 AI:214, 5)

Luaitear dhá dhamh liag eile sna hAnnála faoin mbliain 919, in éineacht leis an Damh Liag atá faoi thaighde thuas, ar loisceadh ceann díobh, féach:

Finchar episcopus et scriba optimus Doimliac feliciter pausauit. ... Domliac Cenannsa do brisiuth o Gentibh 7 sochaidhe martrai ann. Domliac Tuileain do loscadh in eodem die. (919 AU i:440).

Aisteach go leor, is sna hiontrálacha Laidine a thaispeántar na focail *damh* agus *liag* scartha óna chéile in eagrán Mhic Airt & Mhic Niocail de AU, agus ní scartar an dá fhocal sna hiontrálacha atá scríofa i nGaeilge san eagrán sin. Féach an sampla mar atá sé i gcló acu faoin mbliain 920:

3. Finchar, episcopus 7 scriba optimus Doim Liac, feliciter pausauit.

6. Doimliac Cenannsa do brisiuth o gentibh 7 sochaidhe martrai ann. Domliac Tuileain do loscadh in eodem die (370. 3. 6).

B'fhéidir gur thagair *Doleke by Bewbek* (153) go damh liag eile nár sheas, mar tá *Bey Beg* [5] le fáil i bparóiste Cholptha/ *Colp* soir ó thuaidh de Dhamh Liag.

Mar achoimre, tógadh damh liag ar *Argetbor* de réir Leabhar Ard Mhacha, tar éis gur bhunaigh Cianán mainistir ann. Téarma le haghaidh teach pobail atá tógtha le cloch atá sa téarma DAMH + LIAG. Bhain an téarma seo le tréimhse na Luath-Chríostaíochta agus d'fheidhmigh sé mar logainm don lonnaíocht a d'fhás thimpeall ar mhainistir Chianáin sa 6ú haois. Tá raidhse tagairtí sa litríocht Gaeilge don mhainistir seo ar ar tugadh Damh Liag/ Daimhliag Chianáin i litríocht na Laidine/ Gaeilge anuas go dtí an 12ú haois. Taispeántar na heilimintí DAMH agus LIAG scartha óna chéile in AI, FO, in Ann Tig agus sa Laidin in eagrán MacAirt/ Mac Niocail (1983) de AU. Tá an logainm le fáil i gcáipéisí na gcoilíneach ón 12ú haois i leith, agus i gCéitinn na 17ú haoise. Is cosúil gur cailleadh an fhuaim /v/ nó *-mh#* de *Damh Liag* sa chéad chuid den 16ú haois, mar níl a rian le feiceáil níos mó i litriú Galldaithe na haoise sin.

Tógadh roinnt damha liaga in áiteanna éagsúla eile i dtréimhse na Luath-Chríostaíochta - tá ceann fós ina sheasamh ar Oileán Mhic Dara ar chósta Chonamara ag Más.⁷⁷ Cé nar sheas an damh liag féin a tógadh in aimsir na Luath-Chríostaíochta in Oirthear na Mí, caomhnaítear a chuimhne sa logainm Damh Liag/ *Duleek* [?*recte* *Damh Liag] atá ar an mbarúntacht, ar an bparóiste agus ar an mbaile fearainn is ábhar den chuid seo den tráchtas.

⁷⁷ Séipéal Mhic Dara a thugtar air agus is damh liag neamhghnách é, mar gur tógadh an díon le slinn.

[38] GAFNEY

Díorthaíodh an logainm seo ó shloinne Francach.

***Gaifní** (fogharaistriú ar fhoirm choimrithe na 17ú haoise, rogha an taighdeora **2014**)

1)	1290	Gaffeny [land of] Gaffeny	Charter, CGR:49 f.58.d.
2)	1300	[land of] Gafny	Charter, <i>ibid</i> :50 f.59.
3)	1317	Gaffeny	Charter (Quit-claim), <i>ibid</i> : 50 f.59.d.
4)	1319	[vill of] Gaffeny x 2	Charter, <i>ibid</i> :51, f.60.d.
5)	idir 1175 & 1397	Gaffeny	Charter, <i>ibid</i> :2 f.1.
6)	1323	[tenement of] Gaffeneysto	Charter, <i>ibid</i> :52 f.62.
7)	1329	[R. B. of] Gaffeny [vill of] Gaffeny	Quit-claim, <i>ibid</i> :53 f.62.d.
8)	1325	[land of] Gaffeny	Quit-[claim], <i>ibid</i> : 51 f.61.
	1341	[land of] Gaffeny	Quit-claim, <i>ibid</i> : 52, f.61.d.
9)	1356	[vill of] Gaffeny Gaffeny	Charter, <i>ibid</i> : 53 f.62.d. Entail, <i>ibid</i> : 53 f.63.
10)	?1363	[J. de P. of] Gaffeny	Quit-claim, <i>ibid</i> : 68 f.85.d
11)	1540-1	[villate de] Gafney	CSL 1540-1:33
12)	[roimh 1547]	Gaffney	Inq.Hen VIII (Brodigan):AL , TT <i>logainm.ie</i>
13)	1654-1656	Litle Gaffney Litle Gafney Gafney	CS 35 [Paróiste Kilcarvan] 36 48
14)	1655-9	Gaffney [<i>Kilcarvan</i>]	Is BN, Goblet:221
15)	1655-9	Gaffney [<i>Dueleeke EM</i>]	<i>ibid</i>
16)	1657	Gafney Gaffney Gafney	DS 6 Is W ^m Farrarnd, cóip le Dan ^l O'Brien Surv ^r
17)	1659	West Gaffny	Census 1659:482
18)	1662	Gafney <i>alias</i> Gaffney	ASE (Brodigan): AL, TT <i>logainm.ie</i>
19)	c1668	Gaffney 16 Gafney	BSD Index <i>ibid</i> 16, 1666 sa téacs
20)	1672	Gaffny	Is HD, Goblet 221
21)	1700	Both Gaffnies and Beamon	Forfeited Estates 1700:84
22)	1786	Gaffany	Archdall Mon Hib (White):535

		Gaffney	<i>ibid:536</i>
23)	1835/6 revised 1899	Gafney Ho	Is SO (Ó dheas de theorainn an bhaile fearainn <i>Damh Liag</i>)
24)	c1830	Gafney	BS:AL , TT <i>logainm.ie</i>
25)	1812	Great Gaffney	Co Map:AL, TT <i>logainm.ie</i>
26)	?1836	Gaffney	Grant J.I (Brodigan):AL, TT <i>logainm.ie</i>
27)	1662	Gaffney	ASE 1662 (Brodigan):AL, TT <i>logainm.ie</i>
28)	1824	Great Gaffney	HCSV:AL, TT <i>logainm.ie</i>
29)	1824	Little Gaffney	HCSV:AL, TT <i>logainm.ie</i>
30)	1836	Gaffeny	Quit Rents (Old Copy):AL, TT <i>logainm.ie</i>
31)	idir 1803 & 1836	Gaffney	GJ Rates (Old Docket):AL
32)	1838	Gafnaigh	OC:AL, TT <i>logainm.ie</i>
33)	1838	Gafnaigh	pl:AL ?OD, TT <i>logainm.ie</i> ⁷⁸ (TT <i>logainm.ie</i>)
34)	1830-40	Gafney	JOD:AL, TT <i>logainm.ie</i> 1838 ‘a family name’ OD:AL
35)	2009 2014	'gaf, ni	fogharscríobh, Paddy Lenihan Kit Casey

Tá dhá bhaile fearainn darbh ainm *Gafney* i mbarúntacht Damh Liag Íochtarach, a bhfuil ceann díobh i bparóiste Dhamh Liag agus an ceann eile i bparóiste *Chill Chearbáin/*Kilsharvan*. Is mar eilimint amháin thríshiollach atá na samplaí is luaithe den logainm le fáil a bailíodh don staidéar seo, féach (1), (3), (4), (5), (7) - (10), (22) agus (30). Feictear coimriú an ghuta láir i samplaí (2), (11) - (21) agus (22) - (31).⁷⁹ Tugtar faoi deara go bhfuil an dá chineál foirme ag Archdall – an fhoirm thríshiollach *Gaffany* (22) (ach go bhfuil malairt mheánghuta inti), agus an fhoirm mheánchoimrithe *Gaffney* (22). Feictear an fhoirm *Gaffeneystoun* (6) sa chéad cheathrú den 14ú haois, ina bhfuil an struchtúr SLOINNE + s sealbhach an Bhéarla + TOWN léirithe. Faightear na foirmeacha idirdhealaithe *West Gaffny* (17), *Litle Gaf(f)ney* (13) sa 17ú haois agus *Little Gaffney* (29) arís sa 19ú haois, chomh maith le *Great Gaffney* (25), (28). Rinneadh tras-scríobh Gaeilge ar an logainm sa 19ú haois atá bunaithe ar leaganacha meánchoimrithe an logainm, féach (32) agus (33).

⁷⁸ Scríobhadh ‘No Irish pron.’ ar an AL. Silim gur ‘No Irish pronunciation’ atá i gceist leis .i. nár áirigh ÓD mar logainm Gaeilge é.

⁷⁹ Seasann sampla (2) amach toisc é a bheith désiollach le hais na luathfhoirmeacha tríshiollacha atá le fáil i samplaí (1) go (11).

Cé is moite den difir idir foirmeacha déshiollacha nó tríshiollacha an logainm, níl ach athruithe fánacha litrithe le féiceáil i bhformhór na bhfoirmeacha Laidine/ Béarla; bíonn *-f-* amháin le feiceáil i lár focail, nó dhá cheann *-ff-*, agus bíonn *-y#* nó *-ey#* le feiceáil i ndeireadh focail. Sheas *Gaffney* (1), leagan tríshiollach an logainm idir AD 1290 agus AD 1363 (10), beagnach 70 bliain. Maidir leis na foirmeacha déshiollacha, tharlódh gurb í forbairt inmheánach na teanga Béarla is cúis leis an meánchoimriú atá le feiceáil i bhfoirmeacha an logainm atá scríofa sna cáipéisí Béarla ón 16ú haois i leith, féach (11) - (31) agus (34).

Ní dócha gur as claochlú ar chlaontuisil an fhocail *Ghaeilge gamhan* a d'eascair an logainm *Gaffney/ Gaffney* in ainneoin go bhfuil foghair i bpáirt ag an dá fhocal.⁸⁰

Tá fianaise fhairsing le fáil a thugann le fios gur baineadh leas as foirmeacha éagsúla den sloinne *Gaffney/ Gafyn* idir na blianta AD 1308 agus AD 1557 i gceantar na Páile. Luadh *Roger Gaffney* agus *William de Lacy* mar shampla, i gcás dlí in aghaidh *Simon de Cromhal Peirstownelaundy* agus *Geoffrey Wollebetere* sa bhliain 1308 (CJR 1308-14:41), 18 mbliain i ndiaidh an chéad tsampla stairiúil den logainm a frítheadh don staidéar seo, *Gaffen(e)y* (1). Luadh *Roger Gafyn* mar fhinné ar cháipéis sa bhliain 1310 (CGR:51 f.59d) agus luadh *Robert Gafyn* sa bhliain 1323 (CGR:52 f.62). Luadh *Roger Gaffney* sa bhliain 1314 (CGR:31, f.26d).⁸¹

Ós rud é gur sa bhliain 1308 a tagraíodh don *Roger Gaffney* thuasluaite, agus gurb í sin an chéad tagairt don sloinne (a aimsíodh don staidéar seo), bheifí ag súil leis gur sloinne coitianta ar shliocht na Normannach atá in *Gaffney*, agus ar ndóigh, is í an fhoirm *Gaffe* agus an *Gaffinel* (foirm atá tríshiollach, an mhír dhíspeagtha nasctha leis) a mhaireann mar shloinne i Normainn na Fraince go dtí an lá inniu.⁸² Is mar a leanas a mhínítear iad:

⁸⁰ Luaitear *Malbrighde na gamhnaidhi, o Gabar .i. Ceall Ula* faoin mbliain 892 (Chron Scot:172) agus luaitear *Mac diarmad na ngamhnach ui Ruairc* faoin mbliain 1441 sna hAnnála (ARÉ iv:922), ach de réir DIL, tá feidhm leasainm ag an eilimint GAMAIN iontu sin (*op cit*:41). Tagraíodh do *Iomhar Mac Carrghamhna* taoiseach *Muintir Maoilsíonna* sa bhliain 1154 (ARÉ ii:1112) agus deir Ó Donnabháin gur galldaíodh an sloinne *Mac Carrghamhna* le *Mac Carron* agus go bhfaightear an sloinne *Mac Carron* i gContae na Mí i gcónaí (ARÉ ii:1113, fonóta f), cé gur le Contae na hIarmhí a nascann Woulfe an sloinne sin (1923:326). Tá an sloinne *Gaffney* le fáil ar dhaoine in Éirinn i gcónaí, agus is éard atá le rá ag MacLysaght faoi ná: 'one of the most confusing of all Irish surnames. It may be Ó Gamhna, Ó Caibheannaigh, Mac Conghamhna or Mac Carrghamhna' ([1957] 1985:116-17). Frítheadh an sloinne Ó *Gamhna* in *Urumhun/ Ormond*, i Laighin Theas agus i gConnachta Thuaidh (Woulfe 1923:538); ní fhaightear *Mac Gamhna* ach go hannamh; comhshamhlaítear le *Mac Gabhann* é (*ibid*:364). Féach freisin *Mac Comhghamhna* (*ibid* 339-40) agus *Mac Carrghamhna* (*ibid* 326-7).

⁸¹ Féach samplaí an tsloinne a taifeadadh idir AD 1323 agus AD 1557 (CI 1991:5, 192, 146, 347).

⁸² Tá na foirmeacha *Gaffier/-ié, Gaffiot, Gaffard* agus na foirmeacha díspeagtha *Gaffet, -ez* ann freisin (Morlet 1991:438).

‘*Gaffe* ... avait en ancien Français le sens de *croc*⁸³ et a désigne vraisemblablement celui qui se servait de cet instrument (Morlet 1991:438).

(= Bhíodh an bhrí *crúca* ag *Gaffe* sa Sean-Fhraincis, agus is rídhóchúil gur thagair sé dóibh siúd a bhíodh ag obair leis an uirlis sin).⁸⁴

Is í an chiall atá ag *Geaif* na Gaeilge ná

Maide a bhfuil dubhán mór ar a bharr, le bradán nó breac mór a tharraingt as an uisce; cuma V ar a cheann (Ó Máille 1974:102).⁸⁵

Baineann bádóirí Chonamara leas as uirlis chosúil, ar a dtugadar ‘*geaif*’, le breith ar rópaí éagsúla agus iad ar an bhfarraige - a leithéid de rópa an ancaire, mar shampla, nó rópa na heangaí, nó rópa na bpotáí gliomach, nó le breith ar rópaí bhád eile a bheadh feistithe le fáinne iarainn ar an gcéibh agus iad ag iarraidh a mbád féin a thabhairt i dtír.

Is ar an mbruach thuaidh agus ar an mbruach theas den Ainghe/ Ainí (*Nanny/Nanny water*) atá an dá *Gafney* suite, agus is as An Normainn, atá suite in aice na farraige, a thagann an sloinne *Gaffe* agus an fhoirm ghaolmhar *Gaffinel*. Tharlódh, mar sin, gur díorthaithe ó shloinne Francach atá an logainm *Gafney*.

Is í *Gaffney* AD 1290 céad-foirm stairiúil logainm an bhaile fearainn a bailíodh don staidéar seo agus a sheas go dtí an 14ú haois, sula ndearnadh meánchoimriú ar an nguta lár. Tharlódh sé gur foirm den sloinne Normannach atá ann, mar baintear leas as an struchtúr coitianta SLOINNE + mír shealbhach + TOWN sa sampla stairiúil *Gaffneystoun* (6). Cé gur sampla eisceachtúil an leagan *Gaffneystoun*, nár sheas, cuireann sé leis an bhfianaise gur baineadh leas as *Gaffney* mar shloinne sa bhliain

Nuair a chuaigh Diarmaid mac Murchadha chun cainte le Anraí II is in *Aquitaine* a casadh ar a chéile iad, féach an tuairisc a leanas: ‘Although Henry was across the seas in the remote region of Aquitaine ... yet he received Diarmait kindly and affectionately ... [and] granted him letters patent ... [saying] we have admitted to our most intimate grace and favour Diarmait prince of Leinster. Wherefore, if any person from within our wide dominions wishes to help in restoring him, as having done us fealty and homage, let him know that he has our goodwill and permission to do this (Expugnatio 1978:26-7).

⁸³ Maireann cialla éagsúla teicniúla le *croc* san Fhraincis go comhaimseartha. Deir Ó Máille gur tríd an Bhéarla a tháinig *geaif*. Deir sé freisin go mbaintear leas as an bhfocal *gaff* sa Bhéarla i gcúrsaí farraige i gcónaí (*op cit* 1974:102). De réir *Encarta Dictionary* ciallaíonn **gaff** 1. hooked fish pole, 2. pole at top of sail *etc.*

⁸⁴ Tá daoine den sloinne *Gaffe*[s/t] le fáil i m*Basse Normandie* (atá in aice na farraige) agus in *Aquitaine* i gcónaí (<http://www.pagesjaunes.fr/pagesblanches>).

⁸⁵ Deir Ó Máille gur tríd an Bhéarla a tháinig *geaif*. Deir sé freisin go mbaintear leas as an bhfocal *gaff* sa Bhéarla i gcúrsaí farraige i gcónaí (*op cit* 1974:102). De réir *Encarta Dictionary* ciallaíonn **gaff** 1. hooked fish pole, 2. pole at top of sail *etc.*

1323, toisc go léiríonn sé pátrún uilíoch na logainmneacha atá faoin struchtúr SLOINNE + mír shealbhach + TOWN, a bhfuil flúirse díobh le fáil ar fud na leathbharúntachta. Is ródhócha mar sin, gurb é *Gaffe* nó *Gaffinel* an sloinne Francach atá mar bhunús an logainm *Gafney* agus go bhfuil próiseas teanga éigin imeartha ar an bhfoirm chomhaimseartha *Gafney*. Go hachomair, is ó ainm uirlise a díorthaíodh an sloinne, agus is cosúil gur leath feidhm an tsloinne go feidhm ainmniú na háite ina raibh muintir *Gaffe/ Gaffinel* lonnaithe. Fágann sé sin an cheist: cé as a d'fhéadfadh an *-(e)y#* sin ag deireadh *Gaffeney* a bheith tagtha?

Tá na háiteanna a leanas le feiceáil ar léarscáil na Fraince sa lá inniu: *Cigony*, *Regny*, *Ropeley*, *Saint Valery*, *Sumery*, *Tracscy* agus *Verly*. Tá na sloinnte seo a leanas le fáil in Éirinn sa 13ú haois:

Engelard *de Cigony*, Mathew *de Cigony* (CDI 1171-1251:426, 326).

John *de Regny*, Thomas *de Regny* (*ibid*:401, 405, 407, 1223)

Robert *de Ropeley/ Ropelai* (*ibid*:264, 371)

Forminus *de St Valery* (*ibid*:2777)

William *de Sumery/ David de Sumery* (*ibid*:2763)

Henry *de Tracscy* (*ibid*:949)

Geoffrey *de Verly* (*ibid*:2540)

Ar ndóigh, ciallaíonn *de* ‘as’ sa Ghaeilge, nó ‘from’ sa Bhéarla. Tugtar faoi deara go bhfuil *-y#* nó *-ey#* i bpáirt ag na foirmeacha thuasluaite ar fad. Is féidir tátal a bhaint as an *-y#* sin, go bhféadfadh sé gur iarmhír logainmníochta Normannach atá ann. Chonacthas gur cuireadh eilimint iomarcach, an iarmhír *-y#* ag deireadh na foirme Gaeilge *Thaghlynnny* a scríobhadh i gcáipéis Laidine sa 13ú haois, féach *Staleen* [24].⁸⁶ Cé go dtéann sé thar scóp an tráchtais seo taighde a dhéanamh ar an *-y#/ -ey#* sin anseo, tharlódh gur rian de thuiséal ginideach na Gaillise atá ann a bhíonn le fáil i logainmneacha na Fraince ó thuaidh den *Loire*.⁸⁷ Tharlódh gur airigh na coilínigh uatha an iarmhír *-y*, mar nascadar leis an logainm Gaeilge *Teach Lithghin é - a thaifeadar mar *Thaghlynnny*,⁸⁸ ar analach, ní foláir, leis an *-y#* atá ag deireadh na logainmneacha *Cigony*, *Regny*, *Ropeley*, *Saint Valery*, *Sumery*, *Tracscy*, *Verly* thuasluaite (ar bhaineadar leas astu mar shloinnte in Éirinn). Má chuir, is cosúil go raibh an dá mhír a fhaightear in *Gafney* (.i. an sloinne Normannach *Gaffe/ Gaffinel*, agus an *-[e]y*, an iarmhír

⁸⁶ Féach freisin *Sicily* [17].

⁸⁷ Comhrá pearsanta leis an Ollamh Emeritus Breandán Ó Doibhlinn (14/4/2015).

⁸⁸ Cláraíodh *-y#* ag deireadh na foirme *Molaghfeny* ag tús na 14ú haoise freisin, chun sloinne a chruthú. cf. céad-fhonóta de *Mullaghfin* [47].

logainmníochta) le fáil sa Fhrainc, sular frítheadh in nDamh Liag Íochtarach sa 13ú haois iad.

Caithfear an fhéidearthacht a mheá go bhféadfadh sé gur ón bhfocal Gaeilge *Gafann* ‘henbane’ a díorthaíodh *Gafney*. Is planda ard⁸⁹ nimhneach é *Gafann*, *Hyoscyamus niger* agus tá cúpla cineál de ann. Fásann cineál amháin go bliantúil, go hairde troith nó dhó os cionn na talún, agus fásann cineál eile gach re bhliain níos airde arís ná sin.⁹⁰ Frítheadh fianaise *macrofossil* as díog a bhí ann in aois na Cré-umha in *Lismullin* atá tuairim is 20 míle siar (ó dheas) de *Gafney* agus tochailt déanta le haghaidh staidéir sheandálaíoch roimh thógáil an M3,⁹¹ agus fuair garraíodóir atá ina cónaí thiar i dtreo na hUaimhe (tuairim is 25 míle siar ó *Gafney*) *gafann* ag fás i gcréifóg a cheannaigh sí i Lúnasa 2014. Is í an tagairt is luaithe don phlanda a fuair Williams ná *gaffand* atá i ndán beag faoin *rigescop* Aed Dub mad Colmán atá scríofa in LL (1997:151).⁹² Dá mbeadh logainm an bhaile fearainn bunaithe ar an bhfocal *Gafann*, d’fheadfaí a dhíorthaithe a thaispeáint mar a leanas:

Gafann + -AIGH (> -ACH + tabh) → *Gafannaigh

Sílim, ámh, nach slán an léirléamh sin ar dhá chúis: (i) ní luaitear aon fhoirm den logainm *Gafney* in ICL, foinse ina ndearnadh cúram ar leith logainmneacha Gaeilge a scríobh mar ar chualathas iad, agus (ii) tá sampla amháin den logainm faoin struchtúr coitianta SLOINNE + s + TOUN le fáil, féach *Gaffeneystoun* (6).

Is cosúil go mbaineann *Gafney* le tacar an-bheag logainmneacha i nDamh Liag Íochtarach a d’eascair as sloinnte Normannacha - sloinnte atá bunaithe ar sheancheirdeanna.⁹³ Ní fhaigher *Gafney*, ach mar logainm ar bhaile fearainn amháin a roinneadh sa 16ú haois idir an paróiste *Chill Chearbáin (atá suite ó thuaidh den Ainghe/ *Nanny Water*) agus an paróiste Dhamh Liag (a bhfuil cuid de ar an mbruach theas den Ainghe/ Ainí/ *Nanny Water*).

⁸⁹ Fásann sé go hairde de 80 cm
http://www.wildflowersofireland.net/plant_detail.php?id_flower=507&wildflower=Henbane ceadaithe Meán Fomhair 2014)

⁹⁰ <http://www.botanical.com/botanical/mgmh/h/henban23.html> ceadaithe Bealtaine 2013.

⁹¹ <http://www.m3motorway.ie/Archaeology/Section2/Lismullin1/file,16728,en.pdf> :221

⁹² Deir Williams gur tháinig an focal isteach sa Ghaeilge ón mBrythonic mar fhocal iasachta idir an 3ú agus an 5ú haois. Rianaíonn sé an focal siar go dtí an Ind-Eorpais *ghanso- g^whon- ‘goose slayer’, trí na foirmeacha hipitéiseacha *gansowana, níos deireanaí *gasowana, agus *gaswana ina dhiaidh sin arís, agus deir sé ‘Pre-Irish -sw- regularly gives *f* in Old Irish.’ (*op cit*:155-56).

⁹³ Féach freisin *Platin* [49] a thóg áit *Blaitine*.

[39] GARBALLAGH

***Cearbalach** (moladh an taighdeora 2014)

1)	1381	[le Reescus iuxta] Carblagh Carblagh Carreblaw X 2 Carblaw	Cairt 98 ICL:292-3, 295
2)	1424	Carblagh	Rot Pat: 231
3)	1470	Carblagh	SRPI Ed IV i:668
4)	1471-2	Carblagh	SRPI Ed IV i:856
5)	1540-1	[villata de] Garblagh	CSL 1540-1:33
6)	1566-7	Carblaghe	Eliz 38/26, CI 1991:187
7)	1576	Carblaughe	Eliz 76/57, <i>ibid</i> :220
8)	1592	Carblagh	A 12, CI 1991:440
9)	1592	Carblagh	A 16, <i>ibid</i> :444
10)	1606	Carblaghe Carblagh	A 14 <i>ibid</i> :442-3
11)	1619	Carblagh X 2	Jac I:36 Inq Lag
12)	1625	[de vil' de] Carblagh	Car I 7 <i>ibid</i>
13)	1627	[vil' & ter' de] Carblagh	Car I 30 <i>ibid</i>
14)	1628	Carblagh	Car I 40 <i>ibid</i>
15)	1631	Carblaghe X 2	Car I 74 <i>ibid</i>
16)	1633	Carblaghe	Car I 83 <i>ibid</i>
17)	[? i ndiaidh 1640]	Carblagh	Car I 157 <i>ibid</i>
18)	[? i ndiaidh 1640]	Carblagh	Car I 160 <i>ibid</i>
19)	1605	Carblagh	A 13 <i>ibid</i> :441
20)	1616	Carblagh	A 32 <i>ibid</i> :451
21)	1654 - 56	Carballah Carblagh X 5 Carbullah	CS:15 20 (X 2), 21(X 2), 23 48
22)	1657	Corballagh 1 Carballagh 32	DS Innéacs Duleeke & Abby Parrishes by Thomas Clarke. An Exact copy by Dan ¹ O Brien Surv ^r

23)	1659	Corballagh	Census:479
24)	1700	Garballagh	Forfeited Estates 1700:82 ⁹⁴
25)	1786	Corblagh	Archdall Mon Hib (White):536
26)	1812	Corballagh Corballagh	Co. Map TT <i>logainm.ie</i> Is Larkin
27)	c1830	Garballagh	BS:AL TT <i>logainm.ie</i>
28)	1830-40	Garballagh 'recte Garvlagh'	JOD:AL TT <i>logainm.ie</i>
29)	1830-40	Garbala	TCB:AL TT <i>logainm.ie</i>
30)		Corballagh	GJ rates (Old Docket):AL TT <i>logainm.ie</i>
31)	1835/6 revised 1899	Garballagh	OS
32)	1838	Garbhloch	OD:AL, pl:AL TT <i>logainm.ie</i>
33)	2010	'Garbla	fogharscríobh, Paddy Lenihan
	2010	Gar'bála	Nicola Heaney ⁹⁵
	2014	'Garbla	Jim Curley

Is i bparóiste Dhamh Liag i mbarúntacht Dhamh Liag Íochtarach i gContae na Mí atá an baile fearainn *Garballagh*. Is *logainm* trí shiollach é go comhaimseartha, ach ba *logainm* déshiollach é ón 14ú haois go dtí an 17ú haois - féach *Carblagh[e]* (1) - (4),⁹⁶ (6), (8) - (21), *Carblaughe* (7) agus *Garblagh* (5). Tá sampla amháin déshiollach le fáil sa CS - *Carblagh* (21), ach is san fhoinsé sin a frítheadh leaganacha tríshiollacha den chéad uair freisin, féach *Carballah/ Carbullah* (21). Níor bailíodh ach dhá shampla as cáipéisí de chuid na 18ú haoise: *Garballagh* (24), foirm atá tríshiollach, agus *Corblagh* (25), a thaifead Archdall (a leanann pátrún na samplaí déshiollacha a scríobhadh ón 14ú haois go dtí an 17ú haois). Is foirmeacha tríshiollacha uile atá le fáil ón 19ú haois go dáta, féach *Corballagh* (26), (30), *Garballagh* (27), (28), (31) agus *Garbala* (29). Maidir le *Carblaghe* (6) agus *Carblaughe* (7) a scríobhadh in aimsir Eilíse, ní rabhthas ach ag tosú ar Bhéarla a scríobh i gcáipéisí oifigiúla an t-am sin, agus feictear neamhrialtacht

⁹⁴ Fonóta 43: 'Spelt 'Corballagh' on a copy of a Trustee's map, 1703' (NAI, M6238 (6))

⁹⁵ Bheadh Nicola Heaney tuairim is dhá scór bliain níos óige ná an bheirt eile.

⁹⁶ Frítheadh cúpla luathshampla tríshiollacha freisin; is iad sin *Carreblaw* AD 1381 (1), a d'fhéadfadh a bheith ina leagan earráideach, ós rud é go bhfuil na foirmeacha *Carblagh* (luaite faoi dhó) agus *Carblaw* atá le fáil sa cháipéis chéanna.

ortagrafaíochta thar an gcoitinne go hiondúil i gcáipéisí na ré sin (Griffith 1991:ix, cf. an Réamhrá).

Is le túsлитir #C- atá bunáite na samplaí Laidine/ Béarla le fáil. Ní fhaightear an túsлитir #G- go dtí AD 1540-1, féach *Garblagh* (5) - níor frítheadh sampla eile le #G- go dtí 1700, féach *Garballagh* (24), (cé gur litríodh an logainm *Corballagh* ar léarscáil a tarraingíodh trí bliana ina dhiaidh sin (cf. an fonóta atá le sampla (24) sa Tábla thuas) agus seachas *Corballagh* (26), is le #G- atá samplaí eile na 19ú haoise scríofa, féach (27) - (29),⁹⁷ (31). Is cosúil, mar sin, gur #C- a bhí mar thús-chonsan ag an logainm seo ón tús agus gur forbairt thánaisteach atá sa #G-. Is furasta an #G- a mhíniú, nuair a mheabhraítear go mbaintear leas as claontuiseal sa Ghaeilge go mion minic i logainmneacha (i ndiaidh an réamhfhocail *i*, mar shampla, a chuireann urú (i gC-) ar thús-chonsain an ainmfhocail a leanann é). Le cúlú na Gaeilge, d'fhéadfadh sé gur fhan urú an tuisil tabharthaigh ón nGaeilge, fiú nuair a baineadh leas as an logainm i gcomhthéacs an Bhéarla amháin agus é reoite.⁹⁸

Is cosúil gur cheap Ó Donnabháin gurb í #G- túsлитir cheart litrithe an logainm seo. Thairg sé *Garbhlach* (32) mar leagan Gaeilge den logainm, a mhínigh sé mar 'rough land', san ainmleabhar.⁹⁹ Tagann an fhoirm Ghaeilge *Garbhlach* (32) a scríobhadh i bpeann luaidhe agus i ndúch san Ainmleabhar salach ar na foirmeacha stairiúla *Carblagh* agus fiú *Garballagh*, ámh. Is í an litir *-b-* i litriú na Laidine/ an Bhéarla atá i lár an logainm *Carblagh/ Garballagh*, ach is le *f* nó *v* nó *y* a scríobhtar an *-bh#* den fhocal Gaeilge *garbh* sa Bhéarla in áiteanna eile sa tír, féach na samplaí:

Glashgariff, Cloongarve (Cl), *Garrycloon* (Cl, G, MEo)

Garrycloyne (C, PL) (Joyce c 1870:475).

⁹⁷ Ní thaispeánann *Garbala* (29) an consan cuimilteach coguasach *-gh#* ag an deireadh.

⁹⁸ Tugtar na Gaibhlte ar na *Galty Mountains* (*logainm.ie* 2014) ach is é *Sliabh na gCoillteadh*, a bhfuil #G- ann de bharr urú an ghinidigh iolra a bheith ar #C- atá ag Joyce (1913:357). Tá go leor samplaí stairiúla éagsúla ann den logainm seo ar TT *logainm.ie* (2014), agus tá *Crot* agus *Cliach* mar mhalairt eilimintí ann.

⁹⁹ Faightear an dá eilimint *garbh* agus *gearr* i logainmneacha na tíre. Deir Joyce go measctar na heilimintí *gearr* agus *garbh* uaireanta, agus iad mar chéad chuid an logainm. Deir sé gur iondúil go gcomharthaíonn *Garbally* 'short town' in áiteanna i Laighin, i Mumhain agus i gConnachta, ach go bhféadfadh an chiall 'rough town' a bheith aige freisin (Joyce c1870:417, 476), féach na samplaí *Garbally/ An Garbhaile* 'rough town', paróiste *Moylough/ Maigh Locha*, barúntacht Thigh Dachoinne/ *Tiaquin* [G] agus *Garbally/ An Gearrhaile* 'the short town' i bparóiste An Brú/ *Bruff/ Dromain/ Dromin*, barúntacht Chois Máighe/ *Coshma* [Luim] (*logainm.ie* 2013). Nuair a bhreathnaítear ar cháilíocht chéad-litreach luathfhoirmeacha an logainm *Garballagh* atá á fhiosrú anseo, ní fios ar #C- nó #C' - atá ann, ach ní féadfadh **gearr* a bheith mar chéad-eilimint an logainm, toisc #C- a bheith ina túsлитir go stairiúil. Mar sin ní dócha go mbaineann ceachtar den dá réiteach *garbh* nó *gearr* le céad-eilimint *Garballagh* i bparóiste Dhamh Liag. Níl aon chosúlacht ar *Garballagh* anois gur áit gharbh atá ann.

Mar sin níl an fhoirm *Garbhloch* sásúil. Mar bharr air sin, is mar *v* a fheictear *b* séimhithe na Gaeilge sna logainmneacha *Ballymagarvey* [1] agus *Kilsharvan* [77] atá ar pharóistí agus ar bhailte fearainn araon i leathbharúntacht Dhamh Liag Íochtarach, ach níl leithéid **Carvlagh* nó **Garvlagh* (nó fiú **Garvallah*) ar aon cheann de na samplaí stairiúla a bailíodh don logainm *Garballagh* atá á phlé anseo. Mar sin, ní dócha gurb í an focal ‘garbh’ atá mar chéad-eilimint Ghaeilge an logainm *Garballagh*.¹⁰⁰ Chomh maith leis sin, is cosúil gurb í #C- an túslitir a bhí ar an logainm ón 14ú haois go dtí an 17ú haois, ach ní dócha go raibh an t-eolas sin ar fáil d’Ó Donnabháin nuair a thairg sé an fhoirm *Garbhloch* mar leagan Gaeilge ar *Carblagh/ Garballagh*.

Ach is deacair bunús an logainm *Garballagh* a mhíniú go sásúil. Níl a fhios againn fiú cén teanga as ar eascair sé. Tá an chosúlacht air, gur logainm déshiollach a bhí ann ar dtús, cé gur logainm tríshiollach atá anois ann. Tá an chosúlacht air go bhfuil an tús-chonsan uraithe ar nós na Gaeilge, cé nach bhfuil a fhios againn cé acu #C- nó #C'- a bhí sa túslitir sin ón 14ú haois i leith. Tá a fhios againn go dtiteann an bhéim ar chéad siolla de *Garballagh*, féach /'Garbla/ agus / Gar'bəla/ (33). An bhféadfadh sé nach bhfuil i nguta dhara siolla na foirme comhaimseartha *Garballagh* ach guta cúnta na Gaeilge mar a bhí ag Nicola Heaney sa sampla / Gar'bəla/ (33)?

Ós rud é gurb í an fhoirm dhéshiollach *Carblagh* a sheas beagnach trí chéad bliain ón mbliain 1381 go dtí 1656, is í sin an fhoirm sin ba chóir a fhiosrú. Rianófar dhá réiteach éagsúla maidir lena bunús thíos.

(i) Cuirtear i gcás gurb í #C'-túslitir bunfhoirme *Carblagh* agus meabhraítear gur nós coitianta ortagrafaíochta *Ce-* na Gaeilge a léiriú le *Ca-* i leaganacha Béarla logainmneacha - féach an liosta logainmneacha ó *Cappogue* (Ceapach) go *Carrowteige* (Ceathrú Thaidhg) atá le fáil sa Ghasáitear (1989: 51, 52). Mar sin, ní mór réiteach eile a aimsiú don chéad eilimint - **Cerb* nó **Cerba* mar shampla. Maidir le *Cerba*, tá dhá *cerba* luaite sa litríocht dhúchasach, a bhfuil ceann acu i gContae Lú agus an ceann eile i gContae na Gaillimhe (H. 3, 18, Onom Goed:229). An bhféadfadh sé gur **Cearba* + an iarmhír **-lach* a bheadh ceilte sa logainm seo? Thabharfadh sé sin

**Cearba* [+ cailiúint cáilíocht #C-] + *-lach*

¹⁰⁰ Tá an logainm *Garvellach* le fáil in Albain: ‘*Ailech* from *ail* means ‘a rocky place’ ... and also the other islet *Garbh-eileach*, ‘rough, rocky place which gives its name to the little group (Garvellach)’ (Watson 1926:81). Ní fios ámh ar [l] *l* caol nó [L] *l* leathan atá sa logainm *Carblagh/ Garballagh*. Ní fheilfeadh **Cerb* (‘silver’ DIL:137) + **aileach* (collective of *ail* ‘rock’ DIL:120), mar níl an chéad siolla *ail-* de *aileach* le sonrú in *Carblagh*, siolla nach bhféadfadh a bheith báite. [Tá teacht ar 13 *ailech* in Éirinn, idir phríomheilimintí agus cháilitheoirí. (Onom Goed:17-18). Luaitear *aileach* in FSÁG, ach le crosthaigairt do *oileach* (nach bhfuil sroichte fós ag na heagarthóirí.)]

**Carbalach* + coimriú > *Carblach* ‘the cut or cleared place, a clearing’.

nó

(ii) Cuir i gcás gur **Cearba* + **lagha* [< *lag/lagha*¹⁰¹] atá ceilte sa logainm - tá an focal *lagha* (Miller 1881-83:13) sách gar do shiolla deireanach an logainm *Carblagh*.

Thabharfadh sé sin:

**Cearba* [+ cailiúint cáilíocht #C'-] + *lagha* [+ cáiliúint -a#] >

**Carbalagh* + coimriú > *Carblagh* ‘famous *Cearba*’.

Luaitear

Cearba - Placename? Site of legendary battle (FSÁG 4:91)

i gcomhthéacs

cath Cerbo for Conulla ocus for Ultu du in ro thuit Ainfeith mac
Aedha ri Conailli (OCBG §432)

agus le

cath Muigi Fheigi, andorchair **Conaire Cerba**, do Gailianchaib,
diadá Ferta Conairi i Muigi Feigi (LG v:312)

Fritheadh na *Gailenga* céanna

im äussersten Norden von Meath, in der Baronie Morgallion
(Pokorny 1917:173)

i measc áiteanna eile, agus ar ndóigh bheadh orthu taisteal a dhéanamh chuig catha éagsúla. Mar sin, an bhféadfadh sé gurb é **Cearba lagh* bunleagan Gaeilge an logainm *Carblagh* as ar fhorbair an fhoirm chomhaimseartha *Garballagh*?

Mar achoimre, más í #C' túsleitir bunfhoirme *Carblagh* d'fhéadfadh sé gur fhorbair an logainm as na heilimintí CEARBA agus an iarmhír -LACH mar a leanas:

**Cearba* [+ cailiúint cáilíocht #C'-] + -*lach*

**Carbalagh* + coimriú > *Carblach*

¹⁰¹ DIL:21: *Lagha* .i. bladh nó clú i ngluais O'Clery (*op cit* thuas).

‘the cut or cleared place, a clearing’

nó, d’fhéadfadh sé gur fhorbair an logainm as na heilimintí CEARBA agus LAGHA mar a leanas:

**Cearba* [+ cailiúint cáilíocht #'C-] + *lagha* [+ cáiliúint -a#] >

**Carbalagh* + coimriú > *Carblagh* ‘famous *Cearba*’

ach ós rud é nach gcáilítear tagairtí don chath le haidiacht sna foinsí scríofa, tá sé níos dóchála gur ó CERB + -LACH < **Cearblach* atá *Carblagh* díorthaithe agus gur forás tánaisteach atá sa ghuta meánach idir *b* agus *l* san fhoirm chomhaimseartha *Garballagh*, ar chosúil le guta cúnta é. Tá *Garballagh* suite idir línte airde 50 agus 40 ar léarscáil 2010 na SO. Is áit shaibhir réidh anois é a bhfuil go leor barra curtha ag fás ann.

Níl ach *Garballagh* amháin sa tír.

[40] GASKINSTOWN

Sloinne Béarlaithe, bunaithe ar *Gascoigne* (logainm de chuid na Fraince) + s + TOWN atá sa logainm seo ***Baile Ghaiscean** (ainm neamhdheimhnithe *logainm.ie*)¹⁰²

***Baile na nGascúnach** (moladh an taighdeora 2014)

- | | | | |
|-----|------------------------|---|---|
| 1) | 1540-1 | [villata de] Gasconston | CSL 1540-1:33 |
| 2) | ? i ndiaidh 1640 | Gaskinston [60 acr'] | Car I 159 Inq Lag |
| 3) | 1569 | Gasconstone | Fi. Eliz:1460 TS 2/2 <i>logainm.ie</i> |
| 4) | c1640 | Gaskinston | Inq. Car. 1: 159 TS 2/2 <i>logainm.ie</i> |
| 5) | 1654 - 56 | Gaskinstowne | CS 15, 20, 21, 23,48 |
| 6) | 1657 | Gaskinstowne DS
Gaskinstonne DS
Gaskinstown ?
[<i>Drochpheannaireacht</i>]
Gaskinstowne <i>recte</i>
Gaskingstowne | TS 2 <i>logainm.ie</i>
<i>ibid</i>
DS Is Duleeke & Abby Parrishes by Thomas Clarke. An Exact copy by Dan ^l O Brien Surv ^f
DS innéacs, miocroscannán P7382A |
| 7) | 1659 | Gasking towne | Census:479 |
| 8) | c1660 | Gaskingstowne | BSD 32 TS 2/2 <i>logainm.ie</i> |
| 9) | c1668 | Gaskinstowne 3
Gaskinstown | BSD Index
<i>ibid</i> 3, 1663 sa téacs |
| 10) | 1672 | Gaskinstowne | Is HD Goblet:226 [1685 ar TS 2 <i>logainm.ie</i>] |
| 11) | 1685 | Gaskinstowne | Is BN Goblet:226 |
| 12) | 1712 | Gaskinstowne | RDD AW i: 27, 63 |
| 13) | 1830 | Gaskinstown | BS:AL 1836 TS 2/2 <i>logainm.ie</i> , TT <i>logainm.ie</i> |
| 14) | 1830-40 | Gaskinstown
Gaskin, a family name | JOD:AL TS 2/2 <i>logainm.ie</i>
OD:AL TS 2/2 <i>logainm.ie</i> , TT <i>logainm.ie</i> |
| 15) | 1830-40 | Gaskinstown | TCB:AL TS 2/2 <i>logainm.ie</i> |
| 16) | | Gaskinstown | GJ Rates (Old Docket):AL, TS 2/2 <i>logainm.ie</i> |
| 17) | | Goskinstowne | Quit Rents (Old Copy):AL, TS 2/2 <i>logainm.ie</i> |
| 18) | 1838 | Baile Gaiscean | OC:AL TS 2/2 <i>logainm.ie</i> |
| 19) | 1838 | Baile gaiscean | Peann luaidhe:AL |
| 20) | 1835/6
revised 1899 | Gaskinstown | Is SO |

¹⁰² Tá na foirmeacha *Baile Ghaiscean*, *Baile Ghaiscúin* agus *Baile Ghascan* mar chuid de nótaí TS 2 *logainm.ie* agus an chosúlacht air gur roghaíodh *Baile Ghaiscean* mar ainm neamhdheimhnithe ar *Gaskinstown* as na trí fhoirm sin.

21)	2005	Baile Ghaiscean Baile Ghaiscúin Baile Ghascan	Úd. Áit. PÓC (bileog fianaise) TS <i>logainm.ie</i> Nótaí: TS 2 <i>logainm.ie</i> <i>ibid</i>
22)	2010	'gaskinʃ təun	fogharscríobh, Paddy Lenihan

Is i bparóiste Dhamh Liag/ *Duleek* i mbarúntacht Dhamh Liag Íochtarach, Contae na Mí atá an baile fearainn *Gaskinstown*. Is cosúil le *logainm* trí mhíre é – *Gaskin, town* agus *s* sealbhach an Bhéarla eatarthu. Is iad *Gascon-* (1), (3), *Gaskin-* (2), (4) - (16), (20) agus *Gosking-* (17) foirmeacha an cháilitheora, agus *-ton* (neamhaiceanta) agus *-town(e)* (aiceanta) foirmeacha na príomheiliminte, chomh maith leis na leaganacha corra *-tone* (3) ó ré Eilíse agus *-tonne* (6) atá tugtha in innéacs an DS. Níor baineadh leas as mír shealbhadh an Bhéarla san fhoirm *Gasking town* (7) a bhfuil teacht uirthi i *Census* 1659.

Maidir le bunús na chéad eiliminte, tá neart tagairtí do *Gascony* na Fraince ón 13ú haois i leith i gcáipéisí a scríobhadh sna blianta 1241-2, 1249 srl (CDI 1171-1251:382, 2565, *ibid*:451, 3021 srl).¹⁰³ Luadh *Vasconia* in 1257 AD i gcairt de chuid

Henricus [III] ... rex Anglie dominus Hibernie Dux Normannie
Aquitannie et comes Andegavie (CGR:179 f. 6)¹⁰⁴

agus tá fianaise inti go raibh tráchtáil ar bun idir Contae na Mí agus *Gascoign* na Fraince. Ba i gContae na Mí a d'fhástaí cruithneacht le haghaidh airm Éadbhaird I a chothú,¹⁰⁵ a bhí ag troid i n*Gascoign*, (agus in Albain agus sa Bhreatain Bheag). Easpórtáladh í as cuan Dhroichead Átha agus tugadh fíon as an n*Gascoign* go cuan *Bordeaux* na Fraince le tabhairt go Droichead Átha (CGR:iv), féach Caibidil 1, 4.5.¹⁰⁶

Baineadh leas as leaganacha de *Gascoign* mar shloinne ag tús na 13ú haoise i Sasana, féach *Gascun'* AD 1206, *le Gascun* AD 1208 (Reaney & Wilson 1958:141). Is sa cheathrú dheireanach den 13ú haois a shroich an sloinne Éire, mar is léir ón tagairt do *Domain le Gascon* AD 1284, lenar íocadh

7 marks for 2 hogsheads of wine (CDI 1252-1284:533, 2310).

Tá na foirmeacha eile *Gascoyn, le Gascoyn, Gascoyngne, Gascoun, Gaskoun* le fáil in

¹⁰³ Tá ocht dtagairt le fáil in innéacs CDI 1171-1251:526. Féach freisin Reaney & Wilson 1958:141.

¹⁰⁴ Aistrithe go Béarla *ibid*:7

¹⁰⁵ Is sa bhliain 1272 a thosaigh ríocht Éadbhaird I. Cailleadh sa bhliain 1307 é.

¹⁰⁶ Is cosúil gur lean an tráchtáil seo ar aghaidh idir an dá thír, mar go bhfuil tagairtí sa 15ú haois do phraghas *vine de Gascoyn* agus do *Gascoigne* (SRPI Ed IV i:658, 748).

áiteanna éagsúla in Éirinn freisin, féach *Hamund Gascoyng* (Contae na Mí) AD 1295 (CJR1295-1303:5 *Membrane 6*), agus luadh go leor de mhuintir *Gascoyn, le Gascoyn, Gascoyngne, Gascoun, Gaskoun*, a bhí bainteach le contaetha éagsúla (le Corcaigh agus le Port Láirge, mar shampla) ag tús na 14ú haoise (CJR 1308-1314 innéacs:357). Frítheadh tagairt amháin do *Hamo Vasconis* (Port Láirge) sa bhliain 1302 (CJR 1295-1303:402 *Membrane 30*). Aimsíodh tagairt ón 17ú haois do *Walwyn Gascoign* AD 1653 (CSPI 1647-60:469), sloinne nach bhfuil neamhchosúil le *Gascoyng* (1295 AD) an dara sampla is luaithe d'fhoirm an tsloinne, a frítheadh don staidéar seo, a luadh thuas.¹⁰⁷

Is féidir a bheith nach mór cinnte, mar sin, gurb é struchtúr an logainm atá á chíoradh anseo ná SLOINNE + mír shealbhach + TOWN.

Tharlódh gur cruthaíodh *Gaskinstown* idir 1381 agus 1540-41 mar tá tagairt sa bhliain 1381 do *le Reescus iuxta Carblagh* (féach *Riasc [52]*) agus suitear *Gaskinstown* idir *Reask* agus *Carblagh* (= *Carballagh*, féach *Garballagh [39]*) ar léarscáil de chuid an DS.

Chuir O'Conor agus Ó Donnabháin an leagan Gaeilge *Baile Gaiscean/ gaiscean* (18), (19) ar fáil sa 19ú haois, leagan a leasaigh an SO go *Baile Ghaiscean* sa bhliain 2005. Níl aon chruthúnas ann gur chuala O'Conor a leithéid sa 19ú haois ámh - is é *de Gascún* atá ag Woufe don sloinne (1923:259) agus *An Ghascúin* atá ag Dinneen (1927) ar *Gascony*. Mar sin, tharlódh go bhfeilfeadh *Baile na nGascúnach níos fearr do *Gaskinstown*.

Níl aon fhianaise ann gur baineadh leas as an logainm *Gaskinstown* roimh an 16ú haois, ná as an leagan *Baile Gaiscean* roimh an 19ú haois. Níl a fhios againn cén t-ainm a bhí ar an áit sular tugadh *Gaskinstown* air. Tharlódh gur ainmníodh *Gaskinstown* idir AD 1381 agus AD 1540-41, mar tá *Gaskinstown* suite idir *Reask* agus *Carblagh* (= *Carballagh/ Garballagh*) ar léarscáil de chuid an DS, a dearadh beagnach 300 bliain i ndiaidh na tagairte *le Reescus iuxta Carblagh* a scríobhadh sa bhliain 1381 (Cairt 98 ICL:292) agus is é AD 1540 an dáta atá ar an tagairt is luaithe a frítheadh do *Gaskinstown*. Tharlódh gur as talamh coigistithe mainistreach a cruthaíodh é.

Níl ach *Gaskinstown* amháin sa tír.

¹⁰⁷ Is mar seo a mhíníonn Woufe an sloinne: 'Norman 'de Gascoyne' ie of Gascony Fr Gascogne, an old province in the SW of France; the name of an old Norman family in Dublin' (Woufe 1923:259), ach ní fhéadfadh sé a bheith go hiomlán cruinn nuair a deir sé: 'The form *Gascoigne* represents a later immigration (*ibid*), ós rud é go bhfuil teacht ar an bhfoirm chosúil - *Hamund Gascoyng* - sa bhliain AD 1295. Féach Morlet 446-7 le haghaidh foirmeacha díorthaithe, a mhaireann san Fhrainc i gcónaí. Tá a mbunáite seo athraithe go mór le hiarmhíreanna éagsúla, féach *Gasc/Gasq* + *-ou/-a/-uet/-ueton/-uier/-uel/-uiol/-oin/-ougnel/-ougnolle*.

[41] GAULSTOWN

Is logainm é seo a bhfuil eilimint Ghaeilge agus eilimintí Béarla ann

*Gallastún (ainm neamhdheimhniúthe, *logainm.ie*)

***Baile na nGall** (moladh an taighdeora 2014)

- | | | | |
|-----|--------------------|---|--|
| 1) | idir 1175 & 1397 | Fyngalleston | Charter CGR: 2, f.1. |
| 2) | [idir 1272 1307] | Galleston | Inq Ed 1 (Archdall):AL TS <i>logainm.ie</i> |
| 3) | [idir 1272 1307] | Gallston | Inq Ed 1 (Archdall):AL <i>logainm.ie</i> |
| 4) | 1318 | Fyngallestoun
Arthurestoun | Charter CGR 53, f.1.
[féach (13) thíos] |
| 5) | 1334 | Arthurestoun X 2
Fyngallestoun | Quit-claim <i>ibid</i> 54, f.64. Féach <i>ibid</i> 61, f.75. |
| 6) | 1362 | Fyngallestoun | Charter <i>ibid</i> 57, f.70 |
| | 1362 | Fyngallestoun | <i>ibid</i> 58, f.70.d |
| | 1362 | Fyngallestoun | Fine <i>ibid</i> 58, f.70.d. |
| 7) | 1363 | Fyngallestoun | Quit-claim <i>ibid</i> 58, f.70.d. |
| 8) | 1366 | Fyngallestoun | <i>ibid</i> 58, f.71. |
| 9) | 1540-1 | Galliston | IMP 1540-1:314 |
| 10) | 1540-1 | Gallyston | CSL 1540-1, 33 |
| 11) | 1572 | Galeston
Gaigeston | Eliz:3 Inq Lag |
| 12) | 1569 | Galestowne | IFTS ii:188 F1460 |
| 13) | [idir 1625 & 1649] | Gawlestown al'
Fingallston al' Arthursto | Car I 159 Inq Lag
[Níl na <i>halias</i> tugtha ar <i>logainm.ie</i>] |
| | [?c 1640] | Gallston al' Fingallston
al' Arthurston | <i>ibid</i> |
| 14) | 1654-56 | Gallstowne
Galstowne
Galestowne | CS 15, 20, 21, 55
20
55 |
| 15) | 1657 | Gaulstowne 1 | DS innéacs |

		Gallestowne 28	Duleeke & Abbey Parrishes by Thomas Clarke, <i>†</i> Exact copy by Dan ¹ o Brien surv ^f [-towne#/ -n# tugtha ar TS <i>logainm.ie</i>]
16)	1659	?Galestowne ? Cales towne	Parrish Duleeke folio 1 Census 1659:479 [Cales towne : Parrish Duleeke folio 2]
17)	c1668	Gallestowne 3 Gallestowne	BSD Index <i>ibid</i> 3, 1663 sa téacs
18)	1721	Gawlestown	Cess Applotter:AL <i>Grand Jury Cess</i> ' 7 th George 1st [Níl an tagairt seo ar <i>logainm.ie</i>]
19)	1786	Galleston	Archdall Mon Hib (White):536
20)	1812	Gallstown	Co. Map <i>logainm.ie</i>
21)	1824	Gallstown	HCSV 1000 <i>logainm.ie</i>
22)	c1830	Gallstown	BS:AL 1836 <i>logainm.ie</i>
23)	1830-40	Gaulstown	JOD:AL <i>logainm.ie</i>
		'Gall is a family name'.	Nóta béarla ag OD san ainmleabhar:
24)	1836	[Gaulstown]	Desc. Rem.AL <i>logainm.ie</i>
25)	1836	Gallastan	<i>peann luaidhe</i> OC:AL TS/TT <i>logainm.ie</i> <i>dúch scriosta</i> OC:AL <i>logainm.ie</i>
26)	[1836]	Gaulstown	Land Surveyor (Conor):AL <i>logainm.ie</i>
27)	1830-40	Gallstown	TCB:AL <i>logainm.ie</i>
28)		Gallstowne	Quit rents (Old copy):AL <i>logainm.ie</i>
29)		Gallstowne	GJ rates (Old copy) :AL <i>logainm.ie</i>
30)	1838	Baile an Ghoill	OD:AL TS <i>logainm.ie</i>
		'town of the foreigners'	Níl séimhiú ar an nG- ar TT <i>logainm.ie</i>
31)	1836	Gallaston na g-crann; bail gann gortach	pl AL
32)	1836	Gallastún	TS 2/3, <i>logainm.ie</i>
33)	1835/6 revised 18 ⁹	Gaulstown Ho	ls SO
34)	1993	Gallastún	PÓC, NÓM TS <i>logainm.ie</i>
35)	2014	'ga:ls,təun	fogharscríobh, David Kearney, Joe Crosby

Is i bparóiste Dhamh Liag/ *Duleek* i mbarúntacht Dhamh Liag Íochtarach i gContae na Mí atá an baile fearainn *Gaulstown*. Is cosúil le logainm trí mhíre é - *Gaul, town* agus sealbhach an Bhéarla eatarthu. Is iad *Fyngall-/Fingall-* (1), (4) - (8), (13), *Gall-* (2), (3), (9), (10), (13), (14), (15), (17), (19) - (22), (27) - (29), *Gal-* (11), (12), (14), (16), *Gawle-* (13), (18), *Gaul-* (15), (23), (24), (26), (33) agus *Arthur-* (4), (5), (13) foirmeacha na príomheiliminte.

Is iad *-ton/ -toun/ town(e)* leaganacha na dara heiliminte agus is iad *-es-/is- /ys- /-s-* foirmeacha na míre sealbhaigh a fhaightear idir an phríomh-eilimint agus an dara heilimint. Is é struchtúr an logainm ná

AINMFHOCAL + mír shealbhach + TON/ TOUN/ TOWN(E)

Thaifead Hardiman *Gawlestown al' Fingallston al' Arthurston* agus *Gallston al' Fingallston al' Arthurston* (13) i gcáipéis a scríobhadh le linn réimeas Shéarlas I, ní a cheanglaíonn trí logainm éagsúla le chéile don aon áit amháin. Is é an chéad dáta cinnte atá againn do *Fyngallestoun/ Arthurestoun* (2) ná AD 1318. Is léir ó chomhthéacs na tagartha sin gur *Fyngallestoun* a bhí ar an áit roimh *Arthurestoun*. Mar sin, tá trí cháilitheoir stairiúla i gceist leis an mbaile fearainn seo - *Fingall, Arthur* agus *Gall-* nó *Gaul-* mar a thugtar air go comhaimseartha. Breathnófar ar a mbunús thíos, ag tosú le *Fyngall*.

Tháinig dreamanna éagsúla Lochlannach go hÉirinn, ag tréimhsí éagsúla sa stair, agus tá roinnt mhaith téarmaíochta idirdhealaithe ann dóibh, a leithéide *Nordmaindibh/ Normandis* (Chron Scot:144, 152, 154, 209),¹⁰⁸ agus *gentilibus, genntibh, Finngaill, Finnmenti, Dubgaill, dubgenti* agus téarmaí eile (Etchingham 2014:23-38).¹⁰⁹ Ba i gcodarsnacht a chéile a baineadh leas as na téarmaí *Finngaill* agus *Dubgenti*, chun idirdhealú a dhéanamh idir na Gaill sheanbhunaithe (*Finngaill* as an Iorua, is cosúil) agus na Gaill a tháinig ina ndiaidh (*Dubgenti* as an Danmhairg, a bhfuil an chéad thagairt dóibh sna hAnnála faoin mbliain 851. Deir Etchingham (2014):

From 841 to 941, the Irish annals have seventeen instances of *Dubgenti* (“Black/Dark Pagans”) or *Dubgaill* (“Black/ Dark

¹⁰⁸ Féach: ‘Loinges Nordmaindibh for Bóinn oc Linn roiss’ (Chron Scot:144). ‘Cathal mac Tomaltaigh, leit [½] Rí Uladh, a Normandis interrectus est’ (*ibid*:152). ‘Sodomna Episcopus Slaine martirizatur a Normandis’ (*ibid*:154). ‘Blaciare .H. Imair, Rí Normandorum, do marbhadh tre celg go daoinibh imdhaibh .i. mile, la Congalach mac Mhaoilmithidh’ (*ibid*:209).

¹⁰⁹ Tá teacht ar na téarmaí *Nordmanni, Nortmann, Danair, Danari* agus *Laithlinn/Lochlainn* i bhfoinsí éagsúla eile freisin. Faightear dhá théarma éagsúla agus cur síos á dhéanamh ar eachtra a tharla in AD 881 mar a leanas: ‘Duirtech Cianain do brisiodh do **galloibh**, ocus a lán do maoinib do breth ass, et postea Barid mac Imair, cenn **Normandis** do héc tre miorbal Dé ocus Cianáin’ (881 Chron Scot:166).

Foreigners”), juxtaposed six times with *Finngenti* (“White/ Bright/ Fair Pagans”), or *Finngaill* (“White/ Bright/ Fair Foreigners”) (28)

agus

The terminology is first attested in 851 when *Dubgenti* arrived at Dublin, inflicted *ár mór du Finnallaibh* (“a great slaughter of *Finngaill*”) and took valuables and captives (*ibid.*).¹¹⁰

Tagraítear do na *Findgentibh* agus do na *Dubgenti* an chéad bhliain eile mar a leanas:

Lucht ocht .xx.^{it} long di Findgentibh do roachtadur du cath fri Dubgenti do Snamh Aighnech; iii. laa 7 .iii. aithchi oc cathugud doaib act is re nDuibhgenti ro mmeabaidh co fargabsat a ceile a llonga leu. (852 AU: 310 §3).

Cé go mbaineann na *Fingall* thuasluaite le Baile Átha Cliath, is féidir a rá go bhféadfadh an eilimint *Fyngall*- (2) a bheith fréamhaithe i lár na 9ú haoise, an t-am a tugadh *Fingall* ar na Lochlannaigh seanbhunaithe, le hais na Lochlannach a shroich an tír ní ba dheireanaí, a d’ionsaigh áiteanna ar chósta thoir na tíre. Deir Etchingham 2014:

It is perfectly clear that the Vikings dubbed *dub* were new arrivals, while those described as *finn* were incumbents ... (28).

Tugann cáipéis (4) thuas le tuiscint gur bhronn *Henry de Fyngall* áit darbh ainm *Arthurstoun* ar *Hugh de Lacy*, a bhain leis an tríú ghlúin de Normannaigh, agus gur bhronn Éadbhaird II *Arthurstoun* ar *William de Prestoun* sa bhliain 1318.¹¹¹ Is cosúil go raibh an *Fyngallestoun/ Arthurestoun* i seilbh *Henry de Fyngall* faoin 13ú haois, thart ar

¹¹⁰ Is sa bhliain sin a fhaightear tuairisc ar argain Linn Duachaill i gContae Lú freisin, áit atá an-ghar do Dhamh Liag Íochtarach, féach ‘Tetact Dubgenti du Ath Cliath co ralsat ár mór du F[h]innallaibh 7 coro [sh]latsat in longport eitir doine 7 moine. Slat do Dubhgentib oc Lind Duachail 7 ar mor diib’ (851 AU:310 §3).

¹¹¹ Tuigim gurb é *Henry Fingal* AD 1280 (CDI 1252-84:353, 1732) an *Henry de Fyngall* atá luaite i gcáipéis CGR 53, f.1. (4) thuas. Tuigim go dtagraíonn na heachtraí atá luaite i gcáipéis (4) thuas leis an bhfeachtas Éireannach/ Albanach a bhí ar bun ag *Edward* agus *Robert Bruce* in Éirinn idir 1315 agus 1318. Seo an téacs: ‘Edward [II], king of England, ... duke of Aquitaine,... has granted to William de Prestoun,... a messuage ...[etc]...in **Arthurestoun**, which belonged to Hugh de Lacy, knight, of the gift of **Henry de Fyngall**, and which came to the king’s hands, as his escheat for the felony and forfeiture of said Hugh, who with the Scotch enemies of the king, with standard displayed, rose against the king with an armed force in Ireland...’ (*op cit*).

150 bliain i ndiaidh theacht na Normannach. Is léir go raibh seancheangal déanta ag *Henry*, idir é fhéin agus an logainm *Fyngall*,¹¹² ach go raibh aitheantas tugtha do cheangal sealbhaíochta eile faoin mbliain 1318, an t-am a tugadh *Arthurstoun* (4) air. Taifeadadh an dá logainm i dteannta a chéile i gcáipéisí éagsúla, féach (4), (5) agus (13).

Níor frítheadh aon fhianaise ar aon cheann d'fhoirmeacha an logainm i bparóiste Dhamh Liag i gcáipéisí na 15ú haoise,¹¹³ ach faoin 16ú haois, bhí foirmeacha cáilitheora an logainm giorraithe go *Gall-* agus níor tagraíodh arís do *Fyngalleston* ná do *Arthurstoun*, ach in aon cháipéis amháin a scríobhadh sa 17ú haois, a nascann na trí logainm *Gawlestown al' Fingallston al' Arthurstoun/ Gallston al' Fingallston al' Arthurstoun* (13) le chéile.

Is iad na leaganacha Gaeilge a moladh do *Gaulstown* sa 19ú haois ná *Gallastan* (25), *Baile an Ghoill* (30) a bhfuil an ghluais 'town of the foreigners' leis, *Gallastan na g-crann* (31) a bhfuil an ngluais 'baile gann gortach' leis. Mhol Pádraig Ó Cearbhaill agus Nollaig Ó Muraíle na SO an leagan Gaeilge *Gallastún* (34) don bhaile fearainn sa bhliain 1993, agus is é sin an leagan neamhdheimhnithe atá ar *logainm.ie* (2013). Tá *Nóta mínithe* curtha le **Gallastún* ar an suíomh idirlín a deir:

Is gaelú í an fhoirm Ghaeilge ar logainm Béarla ó bhunús
(*logainm.ie* 2013).

Ach is Gaeilge a bhí san eilimint GALL ón tús agus is cosúil gur galldú ar an téarma Gaeilge *Gall/ Gaill* (a d'fhéadfadh a bheith giorraithe ó *Fionnghall/ Fionnghaill*) atá san eilimint GAUL. Ar ndóigh, chuaigh athrú fóineolaíochta a bhain leis an mBéarla i bhfeidhm ar fhoirmeacha *Galleston* ach an oiread le foirmeacha *Calleston* (*Caulstown*), mar a leanas:¹¹⁴

In late ME, about or shortly before 1400, ME *a* developed to *au* before a back ('dark') [l], ie before *ll* or *l* plus consonant (Dobson ii 1968: 553 §60, (2)).

¹¹² Tá go leor tagairtí luath do *Fynegal*, cé nach mbíonn sé soiléir i gcónaí cé acu *Fynegal* a bhíonn i gceist – féach, mar shampla AD 1216-17 '*Isolda Biset ... 2 carucates of land in Finegal*' (CDI 1171-1251: 115, 764), AD 1294 '*David Basset ... Reginald Finegal ... land in Fynegal*' (*ibid*:196, 1294), féach freisin (*ibid* 202, 1342), AD 1235 '*land of Finegal in Ireland*' ([pat.18 Hen III., m.5] *ibid*:339, 2282). Ar ndóigh bhí *Finegal/ Fynegal* eile i mBÁC freisin.

¹¹³ Frítheadh tagairt do *Galweston* i gCill Dara in 1470 AD, ámh (SRPI Ed IV i:666).

¹¹⁴ Tharla sé seo i gcás *Caulstown* freisin, féach *Caulstown* [30].

Mar sin, is léir go gcaomhnaíonn an chéad siolla de *Gallastún* an eilimint Ghaeilge *Gall*, agus gur tras-scríobh foghraíoch ar ghinideach an Bhéarla *-s-* agus ar *toun* nó /tu:n/ atá sa chuid eile den fhoirm *Gallastún*. Ar ndóigh, bhíodh nós ag na Normannaigh eilimintí Gaeilge agus Béarla a nascadh le chéile agus iad ag cruthú logainmneacha, féach *Cruicerath* [18], *Tuiterath* [71] agus ?*Balrath* [90] agus Caibidil 4, III (i).

Tá *Arthurstown* fós mar logainm ar cheithre bhaile fearainn sa Pháil i gContae Lú, i gContae Chill Dara, i gContae Chill Mhantáin agus i gContae Loch Garman.

Faightear *Gaulstown* mar logainm ar ocht mbaile fearainn sa tír a bhfuil ceithre cinn díobh sin le fáil i gContae na Mí sna paróistí *Timoole* i mbarúntacht na Scríne,¹¹⁵ Cúil Mhaoilín/ *Culmullen*, barúntacht Dhéise Uachtarach, Dún Seachlainn, barúntacht Ráth Tó/ *Ratoath* agus *Gaulstown* ábhar na caibidle seo. Is i gContae Chill Chainnigh agus i gContae Phort Láirge atá na *Gaulstown* eile.

¹¹⁵ Féach na foirmeacha stairiúla: *Gaaleston* (Skryne (?) AD 1629 (Car I 52 Inq Lag). Féach freisin *Goalston* (*sic*) *juxta Ratowthe* (*ibid*), *Galeston* (*Culmullin*) agus *Galleston* (*Culmullin*) X 3 (Eliz 124/87 CI:1991:245, 246, 247 fonóta (2), chomh maith le ceithre shampla ón mbliain 1572 .i. *Galleston* (Eliz 66/46 *ibid*:207 (x)), *Galiston* (Eliz 66/46 *ibid*:209 (6)), *Gallistowne* (Eliz 66/46 *ibid*:209 (7)) agus *Gallistowne* (Eliz 66/46 *ibid*:209, 212 (16)).

Barúntacht: Damh Liag Íochtarach

Paróiste: Damh Liag

[42] GILLINSTOWN

Logainm de chuid *Yorkshire* Shasana a d'fheidhmigh mar shloinne in Éirinn agus a nascadh le s + TOWN atá anseo

- | | | | |
|-----|------------------------------------|--|--|
| 1) | 1381 | Gyllyngeston | 98 ICL:296 |
| 2) | 1529 | Gyllaneston | H VIII 48/90 CI 1991:27. Féach freisin
Inq Hen VIII (Archdall) TT <i>logainm.ie</i> |
| 3) | 1540-1 | [villata de] Gellynston | CSL 1540-1:33 |
| 4) | 1619 | [vil' & campis de] Gillenstown
Gillenstowne | Jac I:36 Inq Lag |
| 5) | 1628 | Gilletestowne (<i>sic</i>) | Car I 40 <i>ibid</i> |
| 6) | 1569 | [Giliamston] <i>recte</i> Gillingston | Inq. Eliz (Archdall):AL TT <i>logainm.ie</i>
<i>recte</i> IFTS ii (Eliz):188 F1460 |
| 7) | idir 1603
agus 1625 | [Gillston] X 2
[<i>recte</i> Gilleston] | Inq J I:AL TT <i>logainm.ie</i>
[? = Jac I:40] |
| 8) | [1617] | [Gillianston] X 2 | Inq J I:AL TT <i>logainm.ie</i> ¹¹⁶ |
| 9) | idir 1603
& 1625 | [Gillianstowne X 2] ? | Inq J I:AL TT <i>logainm.ie</i>
=? Jac I:36, (4) thuas |
| 10) | [idir 1603 &
1625] | [Gillinstown] ? | Inq J I:AL TT <i>logainm.ie</i> |
| 11) | 31 Mar'
1631 | [vil' de] Gillenston
Gillenston | Car I 74 <i>ibid</i> |
| 12) | idir 1625 &
1649 ¹¹⁷ | Gillenston X 2 | Inq C I:AL TT <i>logainm.ie</i>
= ? Car I 74, féach (11) thuas |
| 13) | 1654-1656 | Gillingstowne
Gillinstowne | CS 15, 20, 21, 48
19 |
| 14) | 1655-9 | Gillingstowne | Is BN Goblet :227 |
| 15) | 1654-7 | Gillingstown
Gellingstown 35 | DS 1 Innéacs
DS Is Duleeke & Abby Parrishes
by Thomas Clarke. |

¹¹⁶ AD 1617 '... 2 carucat' ter' in *Gillianston*, & Brittac juxta *Gillianston*, infra dict' maner' de Nobbir ... vil' de Nobbir ...' (Jac I :21 Inq Lag).

¹¹⁷ An í seo an tagairt chéanna le (11)? Más ea is é 1631 dáta scríofa na cáipéise.

			An Exact copy by Dan ¹ O'Brien Surv ^r
16)	1659	Gillingstowne	Census:479
17)	c1668	Gillingstowne 4 (<i>sic</i>)	BSD Index
		Gillinstowne	<i>ibid</i> 4, 1666 sa téacs
18)	1672	Gillingtow (<i>sic</i>)	Is HD Goblet:227
19)	1786	Gillingston	Archdall Mon Hib (White):536
20)	1812	[Gilltown <i>recte</i> par. Knockcommon]	Co. Map TT <i>logainm.ie</i>
21)	c 1830	Gillintown	BS:ALTT <i>logainm.ie</i>
22)	1830-40	Gillinstown	TCB:AL TT <i>logainm.ie</i>
23)	1861	Gillinstown	AITTPBI:473
24)		Gillinstown	Custom:AL TT <i>logainm.ie</i>
25)	1836	Gillinstown	JOD:AL
		Gillanstown	pl:AL
26)	1836	Baile Gillin	OD:AL
		Baile Gillin ‘Gillin’s town’	pl:AL TT <i>logainm.ie</i>
27)	1835-6 revised 1899	Gillianstown Catl [Catl = Castle]	learscáil SO Catl = Castle
28)		? Gibinstown (Gillingtowne)	GJ Rates (Old Docket) AL (TT <i>logainm.ie</i>)
29)	2009	'giLəns, təun	fogharscríobh, Paddy Lenihan
	2014	'giʌ əns, təun	David Kearney

Is i bparóiste Dhamh Liag/ *Duleek*, barúntacht Dhamh Liag Íochtarach i gContae na Mí atá an baile fearainn *Gillinstown*. Is cosúil gur *logainm* dhá mhíre é – *Gillin*, *town* agus mír shealbhach an Bhéarla –*es-*/ *-s-* eatarthu. Is iad foirmeacha na príomheiliminte ná *Gyllyng-* (1), *Gyllan-* (2), *Gilling-* (6), (13) - (19), (28), *Gillen-* (4), (11), *Gillin-* (21) - (25), *Gillan-* (25), *Gellyn-* (3), *Gillian-* (8), (9), (27), *Gibin-* (28) (le botún peannaireachta/ cló?) chomh maith leis an leagan corr *Gillet-* (5).

Ní dócha go mbaineann *Gilliamston* (6)¹¹⁸ le *Gillinstown*, ach tá *Gillingston* le fáil san fhoinsé ábhartha - IFTS - freisin, féach (6). Bheinn in amhras go mbaineann na foirmeacha a leanas, atá luaite ar *logainm.ie*, leis an n*Gillinstown* atá faoi scrúdú anseo:

¹¹⁸ Tá crostagairt ón *Gilliamstown*, *co Meath* in innéacs *Fiant Eilíse go Killaymston* (F 1460, IFTS ii:188, F 1569), féach ‘The rectory of Tymole, extending to [], Killaymston, Irishton and Galleston’.

Gillston (7),¹¹⁹ *Gillianston* (8), *Gillianstowne* (9).¹²⁰ Cé nár éirigh liom *Gillinstown* (10) a aimsiú in Inq Lag, fuaireas *Gillenstown*, féach (4) thuas. Ní fhaca mé foinse (20) an *Co. Map 1812* atá luaite ar *logainm.ie*. Níl *Gillinstown* marcáilte ar léarscáil Larkin 1812 ámh, agus cé go bhfuil *Gilltown* (20) marcáilte ar léarscáil Larkin, ní i bparóiste Dhamh Liag atá sé ach i bparóiste *Knockcommon*, féach *Gilltown* [80].

Is í *Baile Gillin* (26) an fhoirm Ghaeilge a chuir Ó Donnabháin chun cinn mar leagan Gaeilge ar an mbaile fearainn sa 19ú haois, agus an ghluais ‘Gillin’s town’ leis.

Tá foirmeacha neamhaiceanta *-ton* (1) - (3), (6), (12), (19), agus foirmeacha aiceanta *-town(e)* (4), (5), (13) - (17), (22) - (25), (27) le fáil don tríú heilimint. (Ní áirítear na foirmeacha amhrasacha anseo). Is cosúil gur botún cló nó tuaipis scríobhaí is cúis leis an *-n#* de *-town* a bheith fágtha ar lár i sampla (18).

Is í an fhoirm *Gylling-/ Gilling-* an fhoirm is luaithe de cháilitheoir an logainm, a bhfuil *-g#* le fáil inti agus is í sin an fhoirm is mó a bhfuil teacht uirthi go dtí an 18ú haois.¹²¹ Is cosúil mar sin, gur forbairt thánaisteach, a tharla sa 19ú haois, atá i gcáilliúnt an chonsain chogusaigh *-g#*. Bheifí ag súil leis go leanfadh an logainm pátrún an struchtúir SLOINNE + s sealbhach + TOWN, agus chuige sin fiosrófar an sloinne *Gilling*.

Tá an sloinne *Gilling* le fáil i Sasana agus é díorthaithe ó logainm áitribh, de réir Hanks & Hodges (1988:211). Bhí áiteanna darbh ainm *Ghellinge/ Gillinga Ridale* luaite san *Anglo-Saxon Chronicle* chomh luath le AD 1016, agus *Gilling* féin cláraithe sa bhliain 1208 (Ekwall 1936:187).¹²² Tá teacht ar *Gillingham* i Sasana freisin, chomh luath le AD 1210 (CDI 1171-1251:68, 410).¹²³ Is léir gur baineadh leas as *Gilling* mar shloinne in Éirinn, mar tá tagairtí ón 13ú haois do *Robert de Gillinges/ Robt. Gilling/ de Gilling* sna blianta 1284, 1285, agus 1291 (CDI 1252-1284:561, CDI 1285-1292:58, *ibid*:413). Tá tagairtí do *Walter de Gillyn/ Gylling* i gCaherlagh, sa bhliain 1302 (CJR

¹¹⁹ Muna bhfuil *Gillston* eile gar do *Scurlockstown* nó do Bhaile Átha Buí/ *Athboy*, is dócha gur *Gillstown* i bparóiste *Knockcommon* atá i gceist leis an sampla seo, atá luaite ar *logainm.ie*. Más Jac I:40 an foinse as a dtáinig an sampla seo, ní *Gillston* atá ann ach *Gilleston*. Tugadh *Gillston* in innéacs Inq Lag freisin, ach níor éirigh liom an tagairt sin a aimsiú sa téacs.

¹²⁰ Níor aimsigh mé an tagairt seo in Inq Lag, ach d’aimsigh mé *Gillenstowne* X 2 in Jac I:36 Inq Lag, féach (4) thuas.

¹²¹ Léiríodh malairt ghuta *-e-* (*Gelling-* (17) i gceann de na foirmeacha a cláraíodh sa DS.

¹²² Féach ‘Gilling in Ryedale, Gilling near Richmond’ (*op cit*). Tá na háiteanna seo i dtuaisceart *Yorkshire*.

¹²³ Tá dhá fhéidearthacht ann maidir le bunús *Gillingham*: d’fhéadfadh sé gur logainm é a bhfuil na heilimintí *gil* + an iarmhír *-ing* + *ham* ann - *gil* (O Scand) ‘deep, narrow valley, ravine’, + *-ing* + *ham* (OE) ‘homestead, village, manor, estate’. Tá dhá chiall le *-ing*: 1. = (OE suffix) ‘place or stream characterized by, place belonging to’, nó, 2. *-ing* = (OE connective particle) implying ‘associated with or called after’ (Mills 1991:381, 382, 385). Tá míniú eile ag Ekwall - ‘the ham of Gylla’s people’ (*ibid* 1936: 187).

1295-1303:378) agus do *Hogyn de Gillington* a bhí áirithe i measc *baliwic Robert Breynok* i gcomhthéacs luach mífhéireáilte a cuireadh ar 15 acra cruithneachta dá chuid, i gCill Dara (CJI 1305-1307: 233). Mar sin tá sé dóchúil gur tháinig an sloinne as Sasana go hÉirinn leis na coilínithe sa 13ú haois agus gurb iadsan a d'ainmnigh *Gillin[g]stown*.

Cé narbh é an sloinne Gaelach bunús an logainm seo, d'fhéadfadh sé go ndeachaigh leagan den sloinne Gaelach *Ó Gilín* i bhfeidhm ar fhoirmeacha stairiúla an logainm, a gcríochnaíonn an chéad eilimint iontu in *-n#*, féach (2) - (4), (11), (12), (21) - (25), (27).¹²⁴ Níor thángthas ar aon fhianaise gur gaelaíodh an logainm seo, go dtí gur chuir Ó Donnabháin an leagan Gaeilge *Baile Gillin* (26) air sa 19ú haois, a bhfuil cuma an aischruthaithe ón bhfoirm Bhéarla *Gillin-/ Gillan- /s- / town* air.

Níl ach *Gillinstown* amháin sa tír.

¹²⁴ Tá na sloinnté Gaelacha a leanas sách gar go *Gilling* - féach *Ó Gilín, Gillenen, Gillen, Gellon, Gellon* ‘des. of Gilín’ (dim. of *geal*, bright, white); agus ‘*Ó Giolláin O Gillane, O Gillain, Gillane, Gillan, Gilland, Gillon Gillen*; des. of *Giollán* (dim. of *giolla*, servant, youth)’ ach ní luaitear aon cheann díobh le Contae na Mí (Woulfe 1923:540, 541).
Níl aon sloinne Francach cosúil ag Morlet 1991.

Barúntacht: Damh Liag Íochtarach

Paróiste: Damh Liag

[43] KELLYSTOWN

Sloinne Gaelach nasctha le s + TOWN atá anseo

***Baile Uí Cheallaigh** (rogha an taighdeora 2014)

1)	1472-3	Kellyeston	SRPI Ed IV ii:41 ¹²⁵
2)	1540-1	Kellyston	CSL 1540-1:33
3)	[1606/7]	[Killieston] ¹²⁶	Inq Hen VIII (Archdall) TT <i>logainm.ie</i>
4)	1628	Kellyston	Car I 40 Inq Lag (TT <i>logainm.ie</i>)
5)		Kellistown	Inq C 1:AL TT <i>logainm.ie</i> ¹²⁷
6)	1654-56	Kellyestowne X 3 Kellystowne	CS 19, 21 (X 2), 48
7)	1655-57	Kellistowne Kellys town 33 ¹²⁸ 33 Kelleystowne	DS 1 Duleeke & Abby Parrishes by Thomas Clarke. An Exact copy by Dan ¹ O Brien Surv ^r Nóta ar an léarscáil ¹²⁹
8)	1655-9	Kellistowne	Is BN Goblet:252
9)	1659	Kellis towne	Census:479
10)	c1668	Kellistowne 4	BSD Index <i>ibid</i> 4, 1663 sa téacs
11)	1672	Kellistowne	Is HD Goblet:252
12)	[1692]	[Kellystowne]	Inq G&M TT <i>logainm.ie</i>
13)		Kellystown	BS:AL
14)	1812	Kellystown Kellystown	Co Map 1812:AL TT <i>logainm.ie</i> Is Larkin
15)		Kellystowne	Quit Rents (Old Copy):AL TT <i>logainm.ie</i>
16)	1830-40	Kellystown	TCB:AL TT <i>logainm.ie</i>
17)	1836	Kellystown	JOD:AL TT <i>logainm.ie</i>

¹²⁵ ‘par. **Duleek** or par. **Drumcondra** co. Meath’ (*ibid*:innéacs:934)

¹²⁶ Ní luaitear an logainm seo in Archdall 1786.

¹²⁷ Níor éirigh liom an tagairt seo a aimsiú in Inq Lag, ach féach (4).

¹²⁸ Is baile fearainn caol é seo agus tá na heilimintí scartha óna chéile ceal spáis.

¹²⁹ Seo é atá scríofa ar an léarscáil: ‘33 Kelleystowne Peter Hughsey (?)’ -Ir:pa-18-2-0’. Ciallaíonn sé go mba le Peter Hughsey [*Hussy sa CS] an baile fearainn *Kellystown*, gur ‘Irish Papist’ a bhí ann, agus go raibh 18 acra agus 2 stang talún aige.

18)	Baile Cheallaigh	pl:AL TT <i>logainm.ie</i>
19)	Baile Cheallaigh 'Kelly's town'	OD:AL TT <i>logainm.ie</i>
20)	Kellystown	GJ Rates (Old Docket):AL TT <i>logainm.ie</i>
21) 2010	'kaləʃ təun	fogharscríobh, Paddy Lenihan

Is i bparóiste Dhamh Liag/ *Duleek* i mbarúntacht Dhamh Liag Íochtarach, Contae na Mí atá an baile fearainn *Kellystown*. Is logainm déanta de thrí mhír é – *Kelly, town* agus *-s-* nó *-es-* sealbhach an Bhéarla eatarthu. *Kelly-* is mó atá le fáil don chéad eilimint, chomh maith leis na malairt litrithe *Kelley-* (11) agus *Kelli-* (5), (7) - (11). Is iad *-ton* (neamhaiceanta) agus *-town(e)* (aiceanta) foirmeacha na príomheiliminte. Sílim nach mbaineann *Killieston* (3) atá luaite ar *logainm.ie* leis an *Kellystown* i bparóiste Dhamh Liag atá á phlé anseo, mar go bhfuil sé luaite in dhá cháipéis de chuid na 17ú haoise i gcomhthéacs áiteanna eile, féach:

Kilbride ... Englisheton al Killieston, Villenaghton,
Cappaghton, Vezingston, Kenles ... (Jac 2, Inq Lag)

Féach freisin:

Englisheton al Killyeston (Car I 161, *ibid*).

Sílim gur *Kellystowne* eile atá i gceist le *Kellystowne* (12) atá luaite ar *logainm.ie* chomh maith, mar go luaitear na háiteanna

... Drombride... Breslanstowne ... Kellystowne ...Ballahore ...
(G & M:2 Inq Lag)

in éineacht leis, a thugann le fios go mbaineann an *Kellystowne* sin (12) le paróiste Dhroim Conrach/ *Drumcondra* i mbarúntacht Bhaile Shláine Íochtarach.

Is é struchtúr an logainm *Kellystown* ná

SLOINNE + *s* sealbhach an Bhéarla + TON/ TOWN[E].

Is *Kelly* an sloinne atá i gceist, ón sloinne Gaelach *Ceallaigh/ Ó Ceallaigh/ Uí Cheallaigh*. Bhí brainse de mhuintir Cheallaigh i gContae na Mí (Woulfe 1923:457).¹³⁰

¹³⁰ 'Ó Ceallaigh (2) of Breagh, a branch of the southern Uí Néill who were lords of Breagh, an extensive district embracing a large part of Meath and the North of Dublin ... Conghalach Ó Ceallaigh last lord of Breagh died in 1292' (*op cit*)

Faightear go leor samplaí den sloinne sna foinsí dúchasacha, mac *Ui Cellaigh* AD 733 (733 ARÉ i:332) agus *Flannaccán Ua Ceallaigh, Tighearna Breagh* AD 1028 (ARÉ vii:340-343) ina measc.¹³¹ Ba é *Macchulan' Okelye de Ochonyl* an duine is luaithe díobh a aimsíodh sna foinsí Gallda i gcáipéis a scríobhadh sa bhliain 1244 (CDI 1171-1251:405, 2716).¹³²

Chuir Ó Donnabháin an leagan Gaeilge *Baile Cheallaigh* (18), (19) ar fáil sa 19ú haois. Tá ceithre cinn de *Baile Uí Cheallaigh* luaite i bhFSÁG (Fasc.2:62, 63), agus iad le fáil i gContae Laoise (Ó Donnchadha, gan dáta:274),¹³³ i gContae Dhoire (Mooney 1950:69), i gContae Thiobraid Árann (COD i:3),¹³⁴ agus i gContae an Chláir (Hardiman 1828:44).¹³⁵ Is fiú a lua anseo freisin, gur scríobhadh *litelballykelly* [LG] sa bhliain 1463 (SRPI Ed IV i:118),¹³⁶ logainm a thaispeánann sraitheanna na staire sna míreanna éagsúla - feictear an logainm Normannach *ballykelly* (a bhí ionsúite sa chultúr Gallda faoin 15ú haois i Loch Garman, agus an bunstruchtúr Gaeilge *Baile + Sloinne* air) athcháilithe le *litel* de réir rialacha struchtúir Bhéarla an ama sin.

Tá *Kellystown* le fáil mar logainm ar 11 bhaile fearainn. Tá trí cinn díobh sin i gContae na Mí agus tá na cinn eile i gContae Chill Dara, i gContae Laois, i gContae Loch Garman, i gContae Chill Mhantáin, i gContae Lú agus i gContae Bhaile Átha Cliath.¹³⁷ Is é *Baile Uí Cheallaigh* an leagan Gaeilge atá ar *Kellystown* i gContae Loch Garman agus i gContae Lú.

¹³¹ Féach ARÉ 7: 340-343 (innéacs). Féach freisin, *Leabhar Airrghiallach, Genealach Uí Chealluigh, Ó Ceallaigh bheós [fós]* (LMG ii: 48, 321.9., 52, 323.10 agus *Ceallach* san innéacs, *ibid* V:115-116).

¹³² Féach freisin: *Brian O' Kelly* 1285 AD (CDI 1285-1292:67) agus *Donald O' Kelly* AD 1285 (*ibid*:60), *Maurice O' Kelly* AD 1285-86 (*ibid*:83), agus *Thos O' Kelly* AD 1285-86 (*ibid*:85), *Gillekeyvin O' Kelly* AD 1285-86 (*ibid*:85). Féach freisin: *Gilbert Okely*, Cork AD 1295 (CJR 1295-1303:68), *brother Math. Okely* AD 1297 (CJR 1295-1303:186) agus *Irishmen of the Ocallys* AD 1297, *Oeth Ocallly* AD 1297, *John O'Kelli*, *Donecuch son of John* agus *Mahoun O'Kelly* (CJR 1295-1303:170). Deir Archdall agus é ag trácht ar an *Priory of the Virgin Mary*: 'We find in a close roll, 29th King Edward III (1327-1377 a réimeas) that a priory was founded here for regular canons, by one of the family of O'Kelly, long before the arrival of the English' (1786:537).

¹³³ ... ó Bhaile Í Cheallaigh (*op cit*).

¹³⁴ Bali Icheallaigh (*op cit*).

¹³⁵ Féach: 'agus tri huinge dec do chios Baintiarnain a ... [leanann liosta áiteanna agus méid an chiosa dlite don bhantiarna] ...:14 huinge a cCeathruma go leith Baile ui Cealla' (*op cit*) - cíos óir atá i gceist.

¹³⁶ 'in *Weisford*.' (*op cit*). Féach freisin: *Cathekeli* [?'BÁC] 1254-55 AD (CDI 1252-1284:67, 422).

¹³⁷ Bíonn cinneadh le déanamh ag an taighdeoir go minic, maidir le súfomh logainmneacha coitianta, mar nach mbíonn sé soiléir i gcónaí cá bhfuil siad suite. Shíl mé nár bhain na tagairtí a leanas leis an mbaile fearainn atá faoi chaibidil: '*Kellieston* AD 1598, maner' de Luttrellstoune & Tankardston' (Eliz 4 Inq Lag), '*Kellistown* in maner' de Novo-castr' in Crevin al Newston' viz. "Newcastle in Crevin al' Newston" 'AD 1625 (Car I 7 Inq Lag). Bhain *Kenleyston* AD 1465 le *Kellystown* i mBÁC (féach innéacs SRPI Ed IV i: 379, 381).

[44] KNOCKISLAND

*Cnoc Iollainn (moladh an taighdeora 2014)

1)	1540-1	Knokkyllan	CSL 1540-1:33
	1540-1	Knockkillan	IMP:314
2)	1692	Knockelan	Gul & Mar:2 Inq Lag (18 April an'4)
3)	1654-1656	Knocklan	CS 15
		Knocklane	18,48
4)	1655-9	Knocklane	ls BN Goblet:280
5)	1657	Knocklane 1	DS 1 ls
		Knocklane 20	Duleeke & Abby Parrishes by Thomas Clarke. Ar Exact copy by Dan ¹ O Brien Surv ^r
6)	1659	Knockhlan <i>sic.</i>	Census:479
7)	c1668	Knocklane 3	BSD Index <i>ibid</i> 3, 1663 sa téacs
8)	1672	Knocklane	ls HD Goblet:280
9)	1700	Knock-Iland	Forfeited Estates 1700:83 ¹³⁸
10)	1786	Knockkillan	Archdall Mon Hib (White):536
		[Knocks Land <i>recte</i> Knocks]	(King <i>recte</i> White):AL TT <i>logainm.ie</i>
11)	c1830	Knock-island	BS:AL 183 TT <i>logainm.ie</i>
12)	1830-40	Knockisland	TCB:AL TT <i>logainm.ie</i>
13)	1836	Knockisland	JOD (corr.):AL TT <i>logainm.ie</i>
14)	1836	Cnoc aolan	pl:AL TT <i>logainm.ie</i>
15)	1836	Cnoc-oileán 'hill-island'	OD:AL TT <i>logainm.ie</i>
16)	1851	Knockisland	Census:614
17)		[Knocks Land]	GJ Rates (Old Docket):AL TT <i>logainm.ie</i>
18)	2014	'nak' hiálan	fogharscríobh, Dessie Dorey

¹³⁸ 'In ye Parish of Duleek ... By Computation 150 Acres of w[hi]ch 7 Meadow, And 60 Pasture, the rest Arable, And very good Rye Ground. Valued at 6 sh[illings] p[er] Acre ...' (*op cit*).

Is ar bhaile fearainn i bparóiste Dhamh Liag/ *Duleek* i mbarúntacht Dhamh Liag Íochtarach, agus i bparóiste Dhamh Liag/ *Duleek*, barúntacht Dhamh Liag Uachtarach atá *Knockisland*. Is cosúil le logainm dhá mhíre é – *knock* agus *island*, ach mar a fheicfear, ní hí an eilimint ISLAND is bunús leis an dara heilimint. Is iad foirmeacha stairiúla na chéad eiliminte ná *Knock*- (1) agus *Knock*- (2) - (13), (16), (17) agus glactar leis anseo gurb í an eilimint choitianta CNOC is bunús leis an eilimint sin sa logainm,¹³⁹ cé nach bhfuil ach learg chnoic idir 70 méadar agus 20 méadar in *Knockisland* a shíneann síos go dtí an Ainí ar an taobh thuaidh di.

Is taifead earráideach é *Knocks Land* (10) thuas - níl *Land* luaite mar chuid den logainm in eagrán Mon Hib (1786), atá mar údarás thagairt (10) (AL, TT *logainm.ie*) sa Tábla thuas. *Knocks* atá ag Archdall. Is áit eile é *Knocks*,¹⁴⁰ atá luaite san alt céanna le *Knockillan* (10) (Archdall 1786:536). B'fhéidir go dtagraíonn an *Knocks* sin do bhaile fearainn, atá an-bheag, atá marcáilte *Knock* ar léarscáil an DS (Duleeke & Abby Parrishes, Clarke/ O' Brien).¹⁴¹ Tá teacht ar an bhfoirm earráideach *Knocks Land* (17) sa 19ú haois chomh maith, agus seans maith gurb é an *Knock* céanna atá breactha ar léarscáil an DS atá i gceist leis sin. Is é *Knockisland* atá i gceist le *Knocklane* (5) atá marcáilte ar Is an DS.

Tá níos mó éagsúlachta i gcáilitheoir *Knockisland* sna luathcháipéisí Laidine agus Béarla, arbh é *-yllan/ illan* (1), ón 16ú haois, an leagan is luaithe a bailíodh. Frítheadh *-elan* (2), *-lan* (3), *-lane* (3) - (5), (7), (8), *hlan-* (6) i bhfoinsí na 17ú haoise. Scríobhadh *Iland-* (9) agus *-illan-* (10) i bhfoinsí na 18ú haoise. Níor thángthas ar thaifead foirme comhaimseartha na linne seo go dtí an 19ú haois, nuair atá teacht ar an bhfoirm *island-* den chéad uair, féach (11) - (13), (16).

Maidir leis na leaganacha Gaeilge, bailíodh *Cnoc aolan* (14), agus is é *Cnoc-oileán* (15) a thug Ó Donnabháin ar *Knockisland* sa 19ú haois. Is léir gur cheap Ó Donnabháin gurb é *oileán* bunús na dara heimiminte, ní a bheadh loighciúil, agus *island* mar cháilitheoir Béarla ag bunáite na bhfoirmeacha stairiúla a bhí ar fáil dó.

Cé go bhféadfadh an eilimint Bhéarla ISLAND (uilíoch i bhfoirmeacha Béarla na 19ú haoise) a bheith tagtha ón nGaeilge *oileán*, is cosúil gur buneilimint eile a bhí sa dara heilimint roimh an 19ú haois. Mar sin, glacfar leis gur foirm aischruthaithe í *Cnoc-oileán* (15) 'hill-island', atá bunaithe ar an míthuiscint gurb í an eilimint OILEÁN is

¹³⁹ Tá níos mó ná 2000 sampla den eilimint *cnoc* i logainmneacha na tíre (O'Connor 2001:55). Féach freisin Flanagan & Flanagan:57-8 agus Joyce 1913:435-457.

¹⁴⁰ Tá *Knocks* i bparóiste Dhún Seachlainn, i mbarúntacht Ráth Tó [Mí] go comhaimseartha.

¹⁴¹ Tá *Great* agus *Little Booleys* ó dheas de *Knock* ar léarscáil seo an DS. Tá *Deanes* siar uaidh.

bunús le *island* sa logainm. Ní thagann OILEÁN go baileach leis an leagan Gaeilge *aolan* (14), atá taifeadta san ainmleabhar, ná le leagan Archdall *-illan* (10) a foilsíodh sa bhliain 1786, ná le foirmeacha eile a taifeadadh roimhe sin .i *-yllan/ -elan/ -lan(e)/ -Iland*. Ní mór, mar sin, an fhoirm stairiúil cheart a lorg. Chuige sin, breathnófar ar ghnéithe d'fhóineolaíocht an logainm.

Nuair a scrúdaítear leaganacha éagsúla an logainm atá le fáil i luathcháipéisí na Laidine/ an Bhéarla, feictear go gcríochnaíonn 11 sampla as 12 shampla de na leaganacha ón 16ú haois, ón 17ú haois agus ón 18ú haois in *-n#*. Ní fheictear *-d#* ach aon uair amháin - *Iland-* (9) - i measc na 12 sampla uile.¹⁴² Níl aon sampla eile sa leathbharúntacht de cáilitheoir a chríochníonn in *-d#*, ach chonacthas go rabhthas pointeáilte faoi chruinneas an *-d* i ndeireadh na chéad eiliminte de *Oldbridge* i ngach sampla den logainm sin, a bailíodh idir an 14ú haois agus an 19ú haois. Mar sin, tá an *-d#* (9) corr leis an gcuid eile den fhianaise.

Léirítear guta gearr sa chéad siolla agus leanann consan leachtach an guta in 6 shampla díobh sin, féach *-yllan/ -illan* (1), *-elan* (2), *hlan-* (6), *Iland-* (9), *-illan-* (10). Is guta gearr atá le fáil roimh an gconsan deireanach i seacht bhfoirm as 12 (roimh an 19ú haois, cé nach bhfuil sé soiléir cé acu guta fada nó guta gearr a bheadh i samplaí áirithe Béarla a taifeadadh sa 17ú haois, féach *-lane* (3) - (5), (7). Mar sin féin, beifear ag cuartú cáilitheora dhéshiollaigh, a chríochnaíonn in *-n#*, a bhfuil guta gearr sa chéad agus sa dara siolla agus a bhfuil consan leachtach idir na gutaí.

Tabharfar sracfhéachaint ar dtús ar struchtúir éagsúla na logainmneacha lena mbaineann an eilimint CNOC, ar mhaithe le cáilitheoir cuí *Knockisland* a aimsiú. Faightear struchtúir éagsúla i logainmneacha, a leithéide CNOC + AIDIACHT nó CNOC + AINMFHOCAL nó CNOC + ALT + AINMFHOCAL, agus leanann raidhse réimsí cáilitheoirí an eilimint sin i logainmneacha - aidiachtaí méid, datha srl, ainmneacha ainmhithe, gnéithe tíreolaíoch, comóradh eachtraí srl ina measc (Joyce 1913:435-457). Nuair a bhíonn an t-alt ann, is minice a fhaightear an t-alt idir CNOC agus an cáilitheoir, seachas a mhalairt. Tugann an Gasaítear sampla logainm amháin a bhfuil an struchtúr CNOC + ALT + OILEÁN air, féach: Cnoc an Oileáin/ *Knockanillaun*, paróiste Ardach/ *Ardagh*, barúntacht Thír Amhlaidh/ *Tirawley* i

¹⁴² Cuireadh tús leis an *-d#* sna foirmeacha Béarla den chéad uair ag tús na 18ú haoise, féach *-d#* ag deireadh *Iland* (8), ach taifeadadh *-illan-* (9) sa cheathrú dheireanach den chéad sin freisin.

gContae Mhaigh Eo (1989:69).¹⁴³ Níl aon rian den alt le sonrú sa logainm *Knokkyllan/ Knokkillan/ Knockelan/ Knocklan(e)/ Knock-Iland/ Knockisland* atá a chíoradh anseo, ámh.

D’fheilfeadh struchtúr níos simplí do *Knokkyllan/ Knokkillan/ Knockelan* srl; cuir i gcás

CNOC + AINM PEARSANTA.¹⁴⁴

Tá tacar beag logainmneacha den chineál sin le fáil sna foinsí dúchasacha. Féach, mar shampla, *Cnoc Maoldomhnaigh* [TÁ] (Flanagan & Flanagan 1996:57), [go] *Cnoc mBrénainn* [Ci] faoin mbliain 1063 (ARÉ ii:884), *Cnoc Nindidh* [FM] AD 1450 (ARÉ iv:966),¹⁴⁵ *Cnoc Nascaín* in Inis Eoghain AD 1197 (ARÉ iii:110), *Cnuich mBhuaigi* [G] AD 1402 (Misc Ir Ann:166 §10),¹⁴⁶ [on] *Chnoc Fhionn* [CI] AD 1598 (ARÉ vi:2050), *Cnoc Áine* [Luim] (Flanagan & Flanagan 1996:57). Is logainmneacha seanbhunaithe iad sin a bhaineann le miotaseolaíocht agus le seanchas na tíre. Mar sin, b’fhiú a fhiosrú an bhfuil aon ainm pearsanta a bheadh feiliúnach i gcomhthéacs an struchtúir CNOC + AINM PEARSANTA ina bhfuil dhá shiolla, gutaí gearra le consan leachtach eatarthu, agus -n# mar chonsan deireanach.

Tá an t-ainm pearsanta *Illann* (a bhfuil a fhoghraíocht roinnt cosúil le *-elan /-lan /-hlan/ Iland /-illan*) le fáil go fairsing sna ginealaigh, agus é luaite le cineálacha éagsúla – féach faoi *Síol Fiacach* ina bhfuil *Illann* luaite cúig uaire (CGH O’Brien:73, 124 b 17, 19, 26),¹⁴⁷ agus faoi *Genelach ceniuil Bóguine* ina bhfuil *Illann* luaite faoi dhó (*ibid*:165, 144 g 4 agus 144 g 28), agus faoi *De Genelogia Cenéuil Totán* ina bhfuil *Illann* luaite uair amháin (CGH:145, 141 b 46). Tá *Illann* luaite uair amháin i n*Genelach Clainde Áeda* (*ibid*:412, ac 54) chomh maith, agus tá *Illann a quo Cenél nEllaind* luaite faoi *Síl Cuind* (*ibid*:134, 140 a 6). Tá roinnt *Iollann/ Iolladhán* ag Mac Fhirbhisigh freisin, *Iollann mc Seaain Í Maoil Chonaire*, ball de *Uí Néill an Deiscirt* ina measc (LMG iii:320, 956.4). Tá tagairt do *Illand imma thúaithe* sa dán ‘Hail Brigit’, a bhfuil baint aige le Cill Dara (Meyer 1912:16).

¹⁴³ Féach freisin: ‘*Oilean* or *oilen* ... commonly anglicized *Illan* and *Illaun* [occurs] more numerously in Connaught than elsewhere’ (Joyce 1869:442). Ar ndóigh, ní suite i gConnacht atá *Knockisland* an baile fearainn atá faoi chaibidil, ach i Laighin.

¹⁴⁴ Tá an eilimint CNOC le fáil agus í nasctha le sloinne freisin, féach an sloinne *Marshall* sa logainm *Knockmarshall* atá i Loch Garman (Joyce 1913: 449).

¹⁴⁵ Féach freisin Joyce 1869:152 agus *Ninnidh* FO:168, July 15

¹⁴⁶ *Cnoc Muaidhe /Knockmoy*. Féach freisin Joyce 1913:449, agus *Cnoc-Muaidhe* faoi na dátaí AD 1218, AD 1224, AD1266, AD 1267, AD 1295 in ARÉ.

¹⁴⁷ Féach freisin *ibid*:340, 316 a 37, *ibid*: 344:316, c 29

Maidir le logainmneacha a bhfuil an struchtúr CNOC + AINM NAOIMH orthu, tá teacht ar *Knockbarron/ *Cnoc Barráin* [King's Co] (Joyce 1913:425),¹⁴⁸ ar *Knockbreacan/ Cnoc-Bhreacain* [D] (Joyce 1913:446),¹⁴⁹ ar *Knockbweeheen/ Cnoc-Baeithin* [Luim] (*ibid*),¹⁵⁰ ar *Knockloe/ Cnoc Lugha* [CM] (*ibid*:448),¹⁵¹ ar *Knockea/ Cnoc-Aedha* [Luim]¹⁵² agus ar *Knockerk* [Mí] (Joyce 1869:213).¹⁵³

Agus bhí naomh ann darbh ainm *Illin* (gin) a thug a ainm do *Cell Ilin* i gContae Lú (Mart Gor:112).¹⁵⁴

Tá *Iollann* ar dhuine de chlann mac Chuacha agus Dunlaing freisin, de réir naomhsheanchas Mhic Fhirbhisigh:

Cuach... mathair trí mac nDunluing .i. Iollann, Oilill, Eochaidh
(LMG ii:788, 750.6).

Tá tagairt in AI faoin mbliain 535 ina bhfuil Illann [Iollann] luaite i gcomhthéacs Chath Fionnabhrach:

Cath Finnabhrach for Hu Neill ré curp Illainn qui uixit .c. ar^c .xx.
(535 AI:68)

Is cosúil go raibh an *Illann/ Illand* [Iollann] sin (agus a dheartháir Oilill ina dhiaidh) ina rí ar Laighin (Walsh 1939:56), mar tá tuairisc ar a bhás le fáil sa 6ú haois, féach:

524 Mors Illaind mic Dunlaing, Rí Laighen (524 Chron Scot:40).

Leanann rann an taifead seo ina bhfuil *Cath Luacra/ Cath lonn Luacra* á chomóradh ann agus luaitear *Iolland* [Iollann] (+ gin) arís i líne 4:

Cath lonn Luacra uas anúas
adces Brigid, ní firt fhás;
Flannchath Fionnabhrach ba húais
Um corp Iollaind iar mbás (*ibid*).

¹⁴⁸ ‘Knockbarron in King’s Co; hill of St Baurinn, for whom see Kilbarron’ (*op cit*). Féach freisin: *Barran* (Mart Tall:61, Aug 9).

¹⁴⁹ *Cnoc-Bhreacain* Breckan’s hill (*op cit*). Féach freisin innéacs FO: 404. Tá triúr *Breccán* ansin.

¹⁵⁰ Féach freisin innéacs FO:402. Tá *Báethán* agus beirt *Báethíne* luaite ansin.

¹⁵¹ Féach freisin innéacs FO:430 le haghaidh *Lug* - tá naonúr *Lugaid* luaite ann (*ibid*: 430-1).

¹⁵² Féach freisin innéacs FO:398-9 ina bhfuil 13 *Aed* luaite.

¹⁵³ Féach freisin innéacs FO:419. Tá 16 *Erc* luaite ann.

¹⁵⁴ Féach freisin: ‘Cell Ilin ... north of Faughard co Louth’ (Mart Tall, Innéacs:217)

Faightear tuairisc ar na heachtra céanna in Ann Tig - tugtar *Cath Luachra/ Cath lond Luachra* ar *Cath Luacra/ Cath lonn Luacra* thuasluaite agus is mar *Illadaín* [**Illand* + -*ín*] a luaitear an rí, féach

Cath Luachra ria Cairpre for Uib Neill, de quo dictum est;

Cath lond *Luachra* huas anuas

adces Brighid, ní fis fass,

flandchath Findabrach ba huais

im corp n-*Illadaín* (*sic*) iar mbass (Stokes (1895/ 96) = Ann Tig i 1993: 90).

(Is ar mhaithe na meadarachta atá an mhír dhíspeagtha curtha le *Ill(n)d*, chun siolla eile a chruthú.) Cé go bhfuil dátaí éagsúla luaite le Cath Fionnabhrach agus le Cath Luachra sna hAnnála éagsúla - is mar *Illaind mic Dunlaing, Rí Laighen/ (corp) Iollaind* AD 524 (524 Chron Scot:40), (*corp*) *n-Illadaín* AD 524 (524 Ann Tig i 1993: 90), (*corp*) *Illainn* AD 535 (535 AI:68), *Iollann mac Dúnlaing, ri Laighean/ (im corp) nIollainn* AD 504 (504 ARÉ i:164) a luaitear ainm an rí.

Deirtear sa seanchas gur thug Bríd dhá bhua d'Iollann rí Laighean .i. fad saoil¹⁵⁵ agus coscar i gcath, agus de bharr cumhacht Bhríde, d'fhan an dara bua aige i ndiaidh a bháis. Cé nach bhfuil an méid sin intuigthe ó iontrálacha na nAnnála go baileach, insítear sa *Triadis Thaumaturga* gur chuir na Laighnigh corp Iollainn ina luí sa charbad (agus é cailte) agus gur thiomáin siad amach rompu é ar pháirc chatha Fionnabhrach, le go gcosnóidís iad féin ar Niall Naoi Ghiallach a bhí tagtha lena n-ionsú agus slua mór in éineacht leis. Throid na Laighnigh thimpeall ar chorp Iollainn agus cuireadh an ruaig ar Niall Naoighiallach agus ar a lucht leanúna (Colgan 1647:551-552).¹⁵⁶

Léiríonn an rann agus na scéalta gur tugadh corp Iollainn, rí Laighean, ar pháirceanna Catha Luachra agus Catha Fionnabhrach sna blianta 524 agus 535 faoi seach. Tá a ainmsean, chomh maith leis na logainmneacha Luachair/ *Lougher* agus Fionnabhar/ *Fennor* tugtha le chéile in aon rann amháin, agus cur síos á dhéanamh ar

¹⁵⁵ Mhair sé 120 bliain, féach *Fennor* [57] (4): 'Cath Finnabrach for Hu Neill ré curp Illainn qui uixit .c. ar^c.xx.'

¹⁵⁶ Is mar a leanas an insítear an scéal: 'Dixitque ergo B. Brigida Regi; Haec due dabuntur tibi, id est, longa vita, & vitoria in omni bello ... Ipse Rex vocabatur Iollad mac Dunlaing id est, qui fuit filius Dunluing quiq; Factu est aute post morte Illand, qui vixit annis cxx. cogregates nepotes Neill exceritu fines devastare Lugeniesiu; inierut lagenieses, cosiliu dicetes ponas (lay) corpus mortuu Regis nostri conditu ante nos in curru contra hostes & pugnemus contra circa cadauer eius. Et illis sic facientibus illico nepotes Neill in fugam versi sunt, & cades facta est in eis. Donum enim victoriae per S. Brigidam ad huc in corpore Regis mansit.' (Colgan 1647:551 B37-39 go 552 A5). Deir Ó Donnabháin gurb é 'Fennor, near Kildare' atá is gceist le *flannchath Finnabrach* (AD 504 ARÉ i:164, fonóta a), ach i bhfianaise na ceangail idir *Fennor* [57], *Lougher* [46], *Knockisland* [44] agus *Rahill* [51] a léirítear sa tráchtas seo, feicfear gur *Fennor*, paróiste Dhamh Liag atá i gceist leis an *Fennor* thuasluaite.

eachtraí atá ceaptha a bheith tarlaithe sna blianta 524 agus 535. Tá an baile fearainn Luachair/ *Lougher* achar níos lú ná dhá mhíle siar ó thuaidh de *Knokkyllan/ Knokkillan/ Knockelan/ Knock-Iland/ Knockillan/ Knockisland*, agus tá Fionnabhair/ *Fennor* achar beag siar ó thuaidh arís de Luchair/ *Lougher*.¹⁵⁷ Mar sin, caithfidh sé gurb é *Illann/ Illadaín/ Iollann* atá i gcáilitheoir an logainm *Knokkyllan/ Knokkillan*, mar tá foirmeacha na n-eilimintí - idir ainm pearsanta an rí agus an dá logainm .i. *Illaind/ Illadaín/ Iollaind/ Iollainn*, *Luacra/ Luachra*, agus *Finnabrach/ Findabrach* (foirmeacha gin de *Illand/ Illann/ Iollan*, de *Luacair/ Luachair* agus de *Finnabhair/ Fionnabhair*) luaite in aon rann amháin, agus tá na háiteanna a dtagraítear dóibh agus *Knockisland* uile i bhfoisceacht chúig mhíle dá chéile, agus iad uile le fáil sa bharúntacht chéanna .i. Damh Liag Íochtarach.

Tharlódh, mar sin gur díorthaíodh an logainm *Knokkyllan/ Knokkyllan/ Knockelan/ Knocklan(e)/ Knock-Iland/ Knockisland* ón bhfoirm Ghaeilge *Cnoc Iollainn < CNOC + Illann/ Iollann, an t-ainm a bhí ar rí Laighean sa chéad leath den 6ú haois, de réir sheanchas na scríobhaithe meánaoiseacha, mar go bhfuil a ainm luaite le cathanna a troideadh i Luachair agus i bhFionnabhair, dhá bhaile fearainn atá i ngaobhar do *Knokkyllan/ Knokkyllan/ Knockelan/ Knocklan(e)/ Knock-Iland/ Knockisland*. Mar sin, tharlódh go ndearnadh comhshamhlú idir an t-ainm pearsanta Gaelach *Iolann* agus an focal Béarla *Island*, dara heilimint an logainm *Knockisland* *Cnoc Iolainn.¹⁵⁸

¹⁵⁷ Féach *Fennor* [57] agus *Lougher* [46]. Ní hamháin sin, ach tharlódh go bhfuil ceangal idir *Rahill* agus na háiteanna atá luaite sa rann, mar mac eile leis an rí Dúnlaing a bhí in *Ailill* agus tá an seans ann gur a ainm siúd atá i gcáilitheoir *Rahill* [51].

¹⁵⁸ Tá dhá *Knock Island* ann go comhaimseartha. Is iad sin *Knock Island*, oileán atá suite sa bhaile fearainn *Dúros/ Dooros* i bparóiste *Conga/ Cong* barúntacht *An Ros/ Ross* i nGaillimh, agus *Knock Island* paróiste *Derryvullan and Islands* barúntacht *Tír Cheannada/ Tirkennedy* san Fhearmanach (*logainm.ie*). Tugtar faoi deara gur scartha óna chéile atá an dá eilimint, tréith nach mbaineann leis an logainm a scrúdaíodh thuas. Níl aon leagan Gaeilge curtha ar fáil ag an SO do ceachtar díobh sin fós, féach *logainm.ie* 2013. Cé go bhféadfaí a shamhlú go dtabharfaí *Knock Island* ar áit mhór réidh a mbeadh cnoc ina lár, ní mar sin atá an tírdreach thimpeall ar *Knockisland* i bparóiste Dhamh Liag, a bhfuil línte imairde de 60, 50, 40 agus 30 méadar tarraingthe tríd ar ls na SO 43 (2010).

[45] LONGFORD

*Longphort (rogha an taighdeora 2014)

1)	1302	?Longford	CJR1295-1303:441
2)	1540-1	Longford	CSL 1540-1: 33
3)	1540	Longford Longeford	Ir Mon Poss:314 TS <i>logainm.ie</i>
4)	1564	Longford Longeforde	Fi Eliz 633 TS <i>logainm.ie</i>
5)	1569	Longford Longeforde	Fi Eliz 1458 TS <i>logainm.ie</i>
6)	1569	Longford Longeforde	Fi Eliz 1460 TS <i>logainm.ie</i>
7)	1579	Longford Longeforde	Fi Eliz 3559 TS <i>logainm.ie</i>
8)	1590	Longford Longeforde	Fi Eliz 5422 TS <i>logainm.ie</i>
9)	1605	Longeforde	CPR 69a TS <i>logainm.ie</i>
10)	1605	Longford	CPR 68a TS <i>logainm.ie</i>
11)	1607	? Longford	CPR 110b TS <i>logainm.ie</i>
12)	1608	Longeford	JI 58/36 Deed of exchange (4) CI 1992:358
13)	1610	Longford	CPR 230b TS <i>logainm.ie</i>
14)	1620	Longford	CPR 462a TS <i>logainm.ie</i>
15)	1620	Longford	CPR 463a TS <i>logainm.ie</i>
16)	1625	[Longefarde] (<i>sic</i>)	TS <i>logainm.ie</i> ¹⁵⁹ cf. Inq. Car 1:3 Inq Lag
17)	1627	Longford	Car I 30 Inq Lag
18)	1633	Longford X 3	Car I 89 Inq Lag (TS <i>logainm.ie</i>)
19)	1654	Lonford Longford	CS:15 16,19, 21, 23
20)	1655-9	Longford	Is BN Goblet:301
21)	1655-7	Longford Longford 21 Longford	DS Innéacs Duleeke & Abby Parrishes by Thomas Clarke. An Exact copy by Dan ¹ O Brien Surv ^{r160}

¹⁵⁹ *Longford* eile atá anseo in BARO de DONBOYNE (*op cit*).

¹⁶⁰ Tá *Longford* an-doiléir ar an léarscáil. Is baile fearainn beag é. Scríobhadh an nóta a leanas ar an Is: ‘21 Longford Chrisr Bath Ir:papt Ar 40-0-7’. [= Christopher Bath, Irish Papist, Arrable [Land] 40 [acres and] 7 [perches].

22)	1659	Lonford (<i>sic</i>)	Census:479 TS <i>logainm.ie</i>
23)	1660c	Longford	BSD:32 TS <i>logainm.ie</i>
24)	c1668	Longford 3 Longford	BSD Index <i>ibid</i> 3, 1663 sa téacs
25)	1672	Longford	Is HD Goblet:301
26)	1786	Longford	Archdall Mon Hib (White):536
27)	1812	Longford	Is Larkin (TS <i>logainm.ie</i>)
28)	1812	Longford	Co. Map:AL TS <i>logainm.ie</i>
29)	1836	Longford	BS:AL TS <i>logainm.ie</i>
30)	?1830-40	Longford	TCB:AL TS <i>logainm.ie</i>
31)		Longford	Quit Rents (Old Copy):AL TS <i>logainm.ie</i>
32)	1836	Longford (TS <i>logainm.ie</i>)	JOD:AL TS <i>logainm.ie</i> 'a fort or fortress' OD:AL(TS <i>logainm.ie</i>)
33)	1836	Long phoirt	OC:AL TS <i>logainm.ie</i>
34)	1836	Lang phoirt	pl:AL TS <i>logainm.ie</i>
35)	1851	Longford	Census 669-670
36)		Longford	GJ Rates (Old Docket):AL TS <i>logainm.ie</i>
37)	1835/6 revised 1899	Longford Ho	Learscáil SO
38)	2005	An Longfort	Úd. Áit PÓC TS <i>logainm.ie</i>
39)	2010	'LΔŋ,fo:rd	fogharscríobh, Paddy Lenihan
	2014	'LΔŋ,fo:rd	Claire Pentony

Is i bparóiste Dhamh Liag/ *Duleek*, Damh Liag Íochtarach atá an baile fearainn *Longford*. *Logainm* dhá eiliminte atá ann. Is beag an difear atá léirithe i bhfoirmeacha stairiúla an *logainm* – *Longford* atá orthu den chuid is mó sna foinsí Laidine agus Béarla, seachas malairt litrithe in *Longeford* (3), *Longeforde* (4) – (9), (12), agus /ŋ/, an consan coguasach srónach, fágtha ar lár san fhoirm *Lonford* (22). Is sa bhliain 1302 a fhaightear céad-tagairt do *Longford* i gcáipéis Laidine de chuid na gcoilíneach. Sílim go mbaineann *Longeforde* (16), atá luaite ar *logainm.ie* (2013), le barúntacht Dhún Búinne.

D'fhorbair *Longford* as an téarma 'Longphort'. Is comhfhocail Gaeilge é déanta de na focail *long* + *port* (DIL:201).¹⁶¹ Bíonn séimhiú ar #*p*- de bharr riail foghraíochta

¹⁶¹ Ciallaíonn *long* 'a mansion or great house [in Ulster]' (Ó Ceallaigh 1950:127). Féach freisin *Longford* in Watson 1926:493.

Gaeilge a bhaineann le comhfhocail, agus mar sin bíonn *f* le fáil i litriú an Bhéarla.

Bhíodh dhá chiall ag Longphort/ *Longford* sa litriocht dhúchasach: chomharthaigh sé campa sealadach,¹⁶² nó daingean buan.¹⁶³ Is í an bhrí ‘campa sealadach’ a bhíodh ar an téarma go dtí an 13ú haois (Flanagan 1983:31). Deir F.J. Byrne

it first came into use as a term for the Norse phenomenon of fortified beach-heads. Derived from two Irish words ... *long* ‘ship’ and *port* ‘port’¹⁶⁴ it soon came to mean any camp not necessarily one for the protection of a fleet. (2005:632).

Deir Flanagan & Flanagan nach bhfeictear *Longphort* sa chiall ‘permanent stronghold’ sna hAnnála go dtí an 13ú haois (1994:116-7) agus tugtar an sampla

860 Cosccradh longphuirt Rothlaibh la Cinnéittidh mac
nGaíthín tighearna Laighisi (860 ARÉ i:496).

ón 9ú haois a bhfuil an chuma air go dtagraíonn sé do champa sealadach. Tugann Ó Donnabháin le fios gur ainm pearsanta atá in *Rothlabh* (*ibid*:fonóta x). Deir Hogan (agus é ag leanúint ÓD) maidir le hainm comhaimseartha na háite

now Dún Rathlaig[h] *anglice* Dunrally in Leap., Queen’s Co
(Onom Goed:505).

Tharlódh, ámh, nach bhfuil baint ag *Rothlabh* le *Rathlaig*, ná baint ag an *dún* leis an *longphort*. Níl aon tagairt do *Rothlabh* ná do *Rathlach* ná *Rathlaig* in Mac Fhirbhisigh (ná in CGH). Is fíor gur ainm Lochlannach é *Rothlabh*, ach an bhféadfadh sé gur tugadh *longphuirt rothlaibh* ar an longphort atá luaite in ARÉ 860 mar go raibh *rothaí* faoi, agus go raibh sé in ann *rothlú* nó rolladh? Más ea, d’fhéadfadh sé nach é an t-ainm pearsanta Lochlannach atá i gceist le *rothlabh* ar chor ar bith. Tá logainmneacha a bhfuil an eilimint DÚN iontu níos sine ná iad siúd a bhfuil LONGPHORT iontu (Flanagan 1983:31, féach freisin Caibidil 3, **2.1**, **2.3**). Mar sin, tharlódh gur tháinig *Cinnéittidh mac nGaíthín tighearna Laighisi* (thuasluaite) amach as a dhún (a bheadh seanbhunaithe)

¹⁶² ‘... co ndigiur-sa co hInber Linni Luachainne; co ngabthar sossad 7 longphort lim and’ (CRRG 1892:20, §14). Féach freisin: ‘cáit i ngabai-siu sossad 7 mór-longphort innocht’ (*ibid*:28, §20).

¹⁶³ 1595 AD ‘... rogabhad 7 co ro briseadh ... urmhór bhailteadh na tíre leó cen *mota an longport*’ = ‘*Longphort –Ui-Mhadadhain in Sil-Anmchadha*’ (ARÉ vi:1990). Féach freisin: ‘now Longford a castle of considerable strength lying in ruins in the parish of Tirinescragh in the bar of Longford to which it has given name. This was O’Madden’s chief castle’ (*ibid*, fonóta o).

¹⁶⁴ Bhíodh ag ceapadh gur ón Laidin *navis* a díorthaíodh an focal *long*. Cuireadh síos air mar ‘a native word influenced by Latin’ (DIL:199. Loth 1926:133-34), ach cé go mbíodh an tuairim sin ann, deir Ó hUiginn go bhféadfadh sé gur focal Gaeilge é *long* (2008:633).

agus gur choscair sé níos mó ná campa amháin, mar is sa tabharthach iolra atá *longphuirt Rothlaibh, recte ? longphuirt rothlaibh*. Tugann an ceannlitir atá san eagrán .i. *R-* de *Rothlaibh*, le fios gur ainm duine atá ann, ach cén fáth go mbeadh a leithéid sa tabharthach iolra? Sílim gur aidiacht atá ann a cháilíonn an ainmfhocail *longphuirt*. Ní dócha go bhfuil baint ag an logainmn *Dún Rathlaigh* leis an *longphuirt rothlaibh*.

Uaireanta cáilíodh *Longphort* le hainm agus le sloinne, nó le sloinne amháin, féach:

Longphort aedha micc diarmada,
Longphort aedha ui conchabair,
longphort mathgamhna,
Longphort ui choncubhair (Onom Goed:505).¹⁶⁵

Tá na samplaí thuasluaite i measc naoi gcinn de *Longfort* a chláraigh Hogan.

Tugann Joyce samplaí den logainm agus é claochlaithe, toisc cuid de na fóinéimí a bheith caillte, féach:

Lonart ‘a mere softening of the sound of *Longphort*’ (Kerry),
Lonehort agus *Lonehurt* (*ibid*:390).

Tugann sé sampla de *Longphort* agus é ina cháilitheoir freisin, ach claochlaithe:

Athlunkard [Luimneach] ‘correct[ly] anglicised’ *Athlongford* (391).

Mhol PÓC an t-alt a chur leis an logainm, agus leanúint le #*f-* seachas #*ph-* ag tús na dara heiliminte sa leagan Gaeilge in 2005, féach *An Longfort* (37) thuas.

Is logainm coitianta é *Longford*¹⁶⁶ atá ar Chontae an Longfoirt. Feidhmíonn sé mar logainm ar bhailte fearainn, ar bharúntachtaí, ar ghnéithe agus ar bhailte i naoi gcontae sa tír - Uíbh Fhailí, Ros Comáin, Longfort, Mí, Luimneach, Gaillimh, Tiobraid Árann, Laois agus Maigh Eo ina measc. Is mar *Ballylumford* a fhaightear i gContae Aontroma é (*logainm.ie* 2014).

¹⁶⁵ Tá *Longphort-Ui Fhearghail* [= *Longford in Annaly*] luaite sna hAnnála faoin mbliain 1448 (ARÉ ii:947, fonóta r). Féach freisin na samplaí atá luaite ag Joyce *Longphort –O’Dowda*, parish of Dromard (Sligo) (Joyce 1869:390).

¹⁶⁶ Taifeadh 22 *Longford* sa Census AD 1851. Tá 11 díobh sin cáilithe le heilimint eile. Ba sna contaetha a leanas a frítheadh iad: G X 2, King’s Co x 3, L X 3, MEo X 1, Queen’s co X 1, Roscommon X 1, Tipp X 8, Sligo X 1, Longford X 1, Meath X 1.

Barúntacht: Damh Liag Íochtarach **Paróiste:** Damh Liag

[46] LOUGHER¹

***Luachair** (moladh an taighdeora 2014)

[Fághtar giotaí ábhartha de théacsanna áirithe i gcolún 3.]

1)	Kl iiii 524	Cath Luacra (gin)	Chron Scot:40
2)	524	Luachra (gin)	Ann Tig i 1993: 90
3)	c1287	villa de Logher ² villa de Lower x 2	35 Quieta clamatio Isolde ... in villa de Logher ICL:231
4)	1290	Lowher x 2	36 Confirmacio ... facta priori et conuentui Lanthonnie de omnibus terris et tenementis suis in Lowher <i>ibid</i> :231
5)	1381	Logher x 4	98 Memorandum de Hibernia <i>ibid</i> :299, 301, 308, 310
6)	1540-1	Loghyr Logher	Possessiones ... prioratum de Lanthony in Anglia pertinentes <i>Comitatus Midie</i> CSL 1540-1:31
7)	1540-1	Loghire	IMP White:314
8)	1619	Lugher	Jac 1: 38 Inq Lag
9)	1640	Logher	Car I 151 <i>ibid</i>
10)		Logher Lougher Loughir	Inq Eliz (Archdall) TT <i>logainm.ie</i>
11)	1574	Logher x 2 Lougher	Eliz 67/47 CI 1991:212-3 214
12)	1587	Logher	Eliz 173/111 <i>ibid</i> 265
13)	1608	Lougher	J I 58/36 <i>ibid</i> 356
14)	1654 - 56	Lougher x 2 Logher [Abbey P]	CS 24 49
15)	1657	Logher 1 Lougher	DS innéacs Duleeke & Abby Parrishes by Thomas Clarke An Exact copy by Dan ¹ O Brien Surv ^f
16)	1655-9	Lougher ³	Is BN Goblet:302
17)	1659	Lucher [Abby]	Census:480

¹ Níl an logainm seo le fáil in CGR.

² Ar leasaigh an t-eagarthóir an fhoirm seo go ciúin? Tá *Lower/ Lowher* le fáil sa cháipéis chéanna agus i gcáipéis eile a scríobhadh trí bliana ina dhiaidh sin san fhoinsé seo.

³ Is in 'P. Abby EM' a bhíodh *Lougher* de réir léarscáileanna na 17ú haoise.

18)	c1668	Logher 5 Lougher	BSD Index <i>ibid</i> 5, 1663 sa téacs
19)		Lugher (<i>sic</i>)	Inq Hen VIII (Archdall) TT <i>logainm.ie</i>
20)	1812	Longher <i>sic</i> [<i>recte</i> Lougher]	Larkin
21)	1672	Lougher ⁴	Is BN Goblet:302
22)	1838	Lougher	pl:AL TT <i>logainm.ie</i>
23)	1830 - 40	Lougher ‘rushes’	JOD:AL TT <i>logainm.ie</i>
24)	1836	Lougher	Custom:AL TT <i>logainm.ie</i>
25)	1803 - 98	Lougher	GJ Rates (Old Docket) ⁵ TT <i>logainm.ie</i>
26)	1838	Lochair	pl:AL TS <i>logainm.ie</i>
27)	1838	Luachair Lochair/ ua	pl:AL TS <i>logainm.ie</i> , OSNB TS1 <i>logainm.ie</i> (TT <i>logainm.ie</i>)
28)	1838	Luachair	OC:AL (TT <i>logainm.ie</i>)
29)	2010	‘Lhur	fogharscríobh, Paddy Lenihan
	2014	‘Lhur	Jim Curley

Is i bparóiste Dhamh Liag, Damh Liag Íochtarach atá an baile fearainn Luachair/*Lougher*. Is mar logainm simplí aon-eiliminte atá sé le fáil, cé go bhfuil 14 logainm cláraithe in Onom Goed, a bhfuil an eilimint LUACHAIR iontu agus iad cáilithe le heilimintí eile (1910:506). Sníonn cúig fho-abhainn de chuid na Bóinne trí *Lougher*, nó thimpeall air (Is 43, SO 2005). D’inis muintir na háite dom gur *Lougher River* a thugtar ar abhainn díobh.⁶

Luaitear *Luachair* in éineacht le *Fionnabhair* i rann a cumadh faoi eachtra a tharla sa bhliain 524,⁷ a bhfuil *Iollann* luaite ann freisin, agus sílim gurb é ainm *Iollainn*, mac le *Dúnlaing* rí Laighean atá mar eilimint i gcáilitheoir an logainm thruaillithe Gallda *Knockisland* [44], paróiste Dhamh Liag, ní a shuíonn na logainmneacha Luachair, *Knockisland* agus *Fionnabhair/ Fennor* gar dá chéile.⁸ Cé gur luadh an rann mar chuid den phlé ar *Knockisland*, luaitear arís anseo é, chomh maith leis an Réamhrá a théann leis, mar tá baint aige leis an mbaile fearann *Lougher* atá á chíoradh anseo freisin, féach:

⁴ P. Abby EM

⁵ 1803=1898 GJ Presentments

⁶ Tá mé buíoch do Patricia Lenihan, Mrs Flood, Charlie Smith as an eolas seo (Lúnasa 2013).

⁷ Féach *Knockisland* [44] le haghaidh achoimre ar an eachtra.

⁸ Tharlódh go bhfuil *Ailill*, ainm dheartháir *Iollainn* mar cháilitheoir ar an logainm *Rahill* [51].

Mors *Illaind* mic Dunlaing, rí Laighen.
Cath *Luacra* ria Corp for Uiph Nell, de quo dictum est:-

Cath lonn *Luacra* uas anúas
adces Brigid, ní firt fhás;
Flannchath *Fionnabrach* ba húais
Um corp *Iollaind* iar mbás. (1)

Tá leagan eile den rann le fáil in Ann Tig:

Cath Luachra ria Cairpre for Uib Neill, de quo dictum est;
Cath lond *Luachra* huas anuas
adces Brighid, ní fis fass,
flandchath *Findabrach* ba huais
im corp n-*Illadain* iar mbass. (2)

Is é léirléamh Uí Mhurchadha ar an logainm Luachair mar áta in Ann Tig:

Perh. Tl. Lougher, par Duleek, Bar. Lr Duleek, Co. Meath
(on a hillock just S. of r. Boyne) (1996-97:20).⁹

Is léir gur logainm seanbhunaithe Gaeilge atá i *Luachair* (gin *Luachra*), a bhfuil an fhoirm Bhéarla *Lougher* air anois. Deir Flanagan gur logainm den struchtúr ‘Noun without Article’ atá in *Lúachair* ‘rushy place’, agus go mbaineann sé leis an strata is sine logainmneacha atá againn, agus é

firmly rooted in the pre-documentary period with a degree of continuity into the Old Irish period (1980:44).

Scríobhadh na foirmeacha Gaeilge *Lochair* (26) agus *Luachair* (27), (28) sa 19ú haois. Níl aon loch le fáil sa bhaile fearainn *Lougher*, paróiste Dhamh Liag. Tharlódh gur buille faoi thuairim Uí Dhonnabháin atá i gceist leis an bhfoirm *Lochair* (25) [? < LOCH + AR] a scríobhadh i bpeann luaidhe san Ainmleabhar, mar níl *Lochair* luaite i measc na bhfoirmeacha Gaeilge logainmneacha de chuid Dhamh Liag Íochtarach a bhailigh O’Conor don Suirbhéireacht Ordanáis sa 19ú haois.¹⁰

⁹ Deir Ó Donnabháin go bhfuil áiteanna do-áirithe i Laighin, a bhfuil *Luachair* mar logainm orthu agus nár éirigh leis suíomh an chatha thuasluaite a aimsiú (ARÉ i:164, fonóta (z)).

¹⁰ Tá samplaí de *Lochar ó loch* ‘lake’ + *-ar* ag Ó Máille, féach LOCHAR, LOCHARNA *Logher*, *Lougher* i gContae Chiarraí (1987:32). Is dócha go bhfuil an *Lougher* atá i bparóiste Bhaile an Bhóthair i

Maidir le *Luachair* (27), (28), is cnuasfhocal é *lúachair* (i tamhain, bain) a chiallaíonn ‘a rushy place, a marsh’ (DIL 217). Tacaíonn an seanchas leis an tuairim gurb í **Luachair* (gin *Luachra*) bunfhoirm an logainm (féach *Knockisland* [44]).

Má bhreathnaítear ar na samplaí a bailíodh as na foinsí Laidine/ Béarla, feictear go bhfuil dhá mhír le sonrú i bhfoirmeacha an logainm: féach *Logh-* (3), (5) - (7), (9) - (12), (14), (15), (18) *Lowh-* (4) *Lugh-* (8), (19), *Lough* (13) - (16), (21) - (25) agus *Luch-* (17). Is dócha gur sciordhadh pinn, nó míléamh *n* le haghaidh *u*, is cúis leis an bhfoirm *Longher* (20). Is iad *-er/ -yr/ -ir/ -ire* foirmeacha an fhoircinn a d’fhéadfadh freagairt do *-ar#* na Gaeilge nó do *-air#* mar a bheadh sé sa tuiseal tabharthach.¹¹

Is cosúil go ndearnadh iarracht défhoghair na Gaeilge *-ua-* > **Luachra/ *Luachair* a léiriú mar *-ow-*, agus na leaganacha *Lower* (3) agus *Lowher* (4) á scríobh i gcáipéisí Laidine na 13ú haoise. Is foirmeacha tábhachtacha iad sin, a chuireann leis an bhfianaise gurb é *Luachair* agus nach é **Lochair* bunús an logainm. Is ar éigean a léiríonn na foirmeacha *Lucher* (17), *Lugher* (8), (19) iarrachtaí malartacha an défhoghar a chur in iúl trí /u/ a scríobh sa chéad siolla, ach cinnte níl aon rian den défhoghair le sonrú i bhfoirmeacha eile an logainm. Ar ndóigh, is fóinéim í /u:ə/ a fhaightear sa Ghaeilge, nach bhfaightear i Laidin, i bhFraincis ná i mBéarla, agus ní bheifí ag súil go mbeadh sé curtha in iúl i gceart i dtéacsanna na dteangacha sin.

I bhfianaise gach a bhfuil ráite thuas is cosúil gurb é *Luachair*, agus nach é **Lochair*, bunfhoirm Ghaeilge an logainm *Lougher* i bparóiste Dhamh Liag.

mbarúntacht Chorca Dhuibhne i gContae Chiarraí díorthaithe ó LOCH + AR. Féach freisin go bhfuil teacht ar thagairt stairiúil ón mbliain 1285 do *Logher* eile atá i bPort Lairge (CDI 1285-1292:22§39).

¹¹ Bhíodh an tuairim ann gur chomharthaigh *-ar#* cnuasfhocal sa tSean-Ghaeilge, ach de réir Uí Mháille, cibé ar bith d’fheidhm na cnuasachta a bhíodh léirithe ag *-ar#* sa tSean-Ghaeilge, cailleadh luath go maith í (1987:27). Deir sé: ‘*-ar* became a meaningless noun ending, especially in toponymy, merely adding point to the meaning already conveyed in the root word. ... *dún...* + *ar* = ‘a fort thing, a hill thing’, *gort...* + *ar* = ‘a field thing’, *taobh ...* + *ar* = ‘a side thing’ (*ibid*:35). D’fhéadfadh sé go bhfuil *Lougher* i measc an tacair mhór logainmneacha a chríochnaíonn san iarmhír *-ar#* agus go bhfreagraíonn an *-er#* i bhfoirmeacha Galldaithe *Lougher* do chonsan caolaithe an tuiseal tabharthaigh ag deireadh *Luachair* agus é ag feidhmiú mar thuisseal ainmneach.

Barúntacht: Damh Liag Íochtarach

Paróiste: Damh Liag

[47] MULLAGHFİN

***Mullach Fionn** (rogha an taighdeora 2014)

- | | | | |
|-----|-----------|---|---|
| 1) | 1308 | [William de] Molaghfonyn
[Nicholas de] Molaghfon | CJR 1300-14:33 |
| 2) | 1381 | Molafen X 2 | 98 ICL:294-5 |
| 3) | 1540-1 | Mallaghsene | CSL 1540-1:33 |
| 4) | 1627 | Mallafyne | Car I 30 Inq Lag |
| 5) | 1654 - 56 | Mallafine
Mallifine
Malafeene | CS 20, 21, 49
20
57 |
| 6) | 1655-57 | Malafine 1
Mallofinn 30 | DS:Innéacs
Duleeke & Abby Parrishes by Thomas Clarke.
An Exact copy by Dan ^l O Brien Surv ^r |
| 7) | 1659 | Malaffin | Census:479 |
| 8) | c1668 | Mallafine 3
Mallafine | BSD Index
<i>ibid</i> 3, 1663 sa téacs |
| 9) | | Mollaghfinne | Archdall (King):AL TT <i>logainm.ie</i> |
| 10) | 1786 | Mollaghfinne | Archdall Mon Hib (White):536 |
| 11) | 1812 | Mullafin | Co Map:AL TT <i>logainm.ie</i> |
| 12) | 1830 | Mullaghfin | BS:AL TT <i>logainm.ie</i> |
| 13) | | Mullafin | Quit RenTT (Old Copy):ALTT <i>logainm.ie</i> |
| 14) | 1830 - 40 | Mullafin | TCB:AL TT <i>logainm.ie</i> |
| 15) | 1836 | Mullaghfin | JOD TT <i>logainm.ie</i> |
| 16) | | Mullaghfintown
'fair or white summit' | GJ Rates (Old Docket):AL TT <i>logainm.ie</i>
OD:AL,(TT <i>logainm.ie</i>) |
| 17) | 1838 | Mullach Finn | OC:AL pl:AL TT <i>logainm.ie</i>
(OD:AL, TT <i>logainm.ie</i>) |
| 18) | 2014 | 'muLu'fin | fogharscríobh, Paul Kerby |

Is i bparóiste Dhamh Liag/*Duleek*, Damh Liag Íochtarach atá an baile fearainn *Mullaghfin*. Logainm dhá eiliminte, *Mullagh* agus *fin* atá ann. Is iad foirmeacha na príomheiliminte ná *Mollagh* (1), (9), (10), *Mola*-(2), *Mallagh*- (3), *Mal[l]a*- (4) - (6),

(7), (8), *Malli-* (5), *Mallo-* (6), *Mulla-* (11), (13), (14), *Mullagh-* (12), (15), (16); agus is iad *-fonyn/-fon* (1), *-fen* (2), *-fyne* (4), *-fine* (5), (6), (8), *-ffin* (7), *-feene* (5), *-fin[n][e]* (9) - (15) foirmeacha an cháilitheora, mar atá sna foinsí Laidine/ Béarla, chomh maith leis an bhfoirm chorr *-sene* (3), a d'fhéadfadh a bheith amhlaidh, de bharr míléamh na litreach *f* atá chosúil le *-s-* i seanlámhscríbhinní uaireanta. Tá cáiliú breise le feiceáil san fhoirm *Mullaghfintown* (16) ina bhfuil an eilimint TOWN nasctha le *Mullaghfin*. Is cosúil gur tosaíodh ag baint leasa as *Molaghfeny*, *Molaghfon[yn]*, *Molaghfene* agus *Molaghfen* mar shloinne ón 14ú haois i leith, ag nascadh an duine leis an áit ní foláir, agus tá sampla amháin den chleachtas sin tugtha sa Tábla thuas, féach *William de Molaghfonyn* (1).¹²

Is léir gur logainm Gaeilge atá anseo. Maidir lena struchtúr, d'fheilfeadh

AINMFHOCAL + AIDIACHT nó

AINMFHOCAL (ainm.) + AINMFHOCAL (gin)

dó, agus thaifead O'Conor *Mullach Finn* (17) mar leagan Gaeilge dó sa 19ú haois.

De réir DIL, ciallaíonn *mullach* (o- tamhan, fir) 'the topmost part, top, crown', agus aistríonn na dinnsheancheasóirí nua-aimseartha go Béarla mar 'summit' é (Flanagan & Flanagan 1994:124, O'Connor 2001:116-7, Joyce 1869:391-2).

Tá thart ar 400 logainm a bhfuil *Mullach* mar eilimint iontu (Joyce 1869:391).¹³ Deir O'Conor go bhfuil *mullach* 'summit' mar eilimint in 18 logainm i gContae na Mí agus go bhfuil sé le fáil i 356 logainm ar fad ar fud na tíre (O'Connor 2001:117). Maidir le *finn* (o- tamhan a chiallaíonn 'white bright lustrous' (DIL:141), deir Joyce:

In local nomenclature the word is used to designate places either absolutely white, or whitish, fair or bright-coloured; as for instance the side of a hill covered with whitish grass; and its usual anglicised forms are *finn* or *fin* (c 1870:271).

Is eilimintí coitianta *mullach* agus *finn/ fionn* i gcóras logainmníochta na tíre. Cuireadh le chéile na heilimintí seo i gcás trí bhaile fearainn – *Mullaghfin* i bparóiste Chill Oiridh/ *Kilerry* i mbarúntacht Thír Oirill/ *Tierrill* [SI], *Mullaghfin* i bparóiste Chonmhaigh/ *Convoy* i mbarúntacht Ráth Bhoth Theas/ *Raphoe South* [DG] chomh maith leis an *Mullaghfin* i gContae na Mí atá á fhiosrú anseo.

¹² Féach *Ph. de Molaghfeny* AD 1305 (CJR 1305-1307:71), *Will. de Molaghfeny* AD 1306 (CJR 1305-1307:183), *William de Molaghfonyn*, *Nicholas de Molaghfon* AD 1308 (CJR 1300-1314:34), *John Molaghfene* AD 1318, AD 1332 (CGR 61, f.75, 53, f.62), *John Molaghfen* AD 1341 (*ibid* 52, f.61d).

¹³ Deir Joyce 'in the forms *Mulla*, *Mullagh*, *Mully*, and *Mul* ... constitute of themselves, or form the beginning of upwards of 400 names' (*op cit*).

Tá cnoc, 84 méadar ar airde, marcáilte ar Léarscáil 43 de chuid na SO (2005), san áit a bhfuil *Mullaghfin* i bparóiste Dhamh Liag suite. Is cosúil gur fogharscríobh den logainm Gaeilge **Mullach Fionn* nó **Mullach Finn* atá i bhfoirmeacha Galldaithe an bhaile fearainn *Molaghfonyn/ Molaghfon/ Molafen/ Mallafyne/ Mallafin[e]/ Malafeene/ Mallofinn/ Malaffin /Mollaghfinne/ Mullafin/ Mullaghfin/ Mullaghfin*.¹⁴

¹⁴ Féach freisin *Redmountain* [53].

[48] NEWTOWN

?*An Baile Nua nó ?*Baile na nGael nó *Baile Nua na nGael

(roghanna an taighdeora **2014**)

- | | | | |
|-----|---------------------|--|--|
| 1) | 1381 | ? Newenton siue Iriston | Cairt 98 ICL:296 |
| 2) | 1540-1 | Newton
villata de Newton X 2 | CSL 1540-1:33
<i>ibid</i> :31, 33 |
| 3) | idir 1558
& 1603 | Newton | Inq Eliz:AL TS <i>logainm.ie</i> |
| 4) | ?c 1581 | Newton
Neweton [?] | Eliz 138/93CI 1991:253- 4 TT <i>logainm.ie</i> |
| 5) | idir 1603
&1625 | Newton | Inq J I:AL TS <i>logainm.ie</i> |
| 6) | 1654-57 | Newtowne 1:2:6
Newtowne 23 | Is DS
Duleeke & Abby Parrishes by Thomas Clarke.
An Exact copy by Dan ¹ O Brien Surv ^r |
| 7) | 1659 | Newtowne | Census:479 |
| 8) | c1668 | Newtowne 3:7
[Newtowne 16] ¹⁵
Newtowne | BSD Index
<i>ibid</i> 3, 1663 sa téacs |
| 9) | 1786 | [Newton]
[Platten near Newtown]
Newtowne | Archdall Mon Hib (White):536
<i>ibid</i> :538
<i>ibid</i> |
| 10) | 1812 | Newtown-duleek
Newtown-Duleek | Co Map:AL TS <i>logainm.ie</i>
Is Larkin |
| 11) | 1830 | Newtown | BS:AL TS <i>logainm.ie</i> |
| 12) | 1830-40 | Newtowne | TCB:AL TS <i>logainm.ie</i> |
| 13) | | new town | OD:AL TS <i>logainm.ie</i> |
| 14) | | Newtown | JOD(corr):AL TS <i>logainm.ie</i> |
| 15) | | Newtown Duleek | GJ Rates (Old Docket)AL TS <i>logainm.ie</i> |

¹⁵ Is leis na paróistí *Colpe* (BSD:16), *Arcath Piercetown and Clonalvy* (BSD:7) a bhaineann na *Newtown* ar lgh 7 agus 16 den *BSD*.

16)	1838	Baile núadh	OC:AL TS <i>logainm.ie</i>
17)	1838	Baile nuadh	pl:AL TS <i>logainm.ie</i>
18)	2010	'nju:'təun	fogharscríobh, Paddy Lenihan

Tá trí bhaile fearainn i mbarúntacht Dhamh Liag Íochtarach a bhfuil an t-ainm *Newtown* orthu, sna paróistí Cholptha/ *Colp*, *Knockcommon* agus *Damh Liag*.¹⁶ Is é an *Newtown* atá i bparóiste Dhamh Liag an baile fearainn a bheas á fhiosrú anseo.

Is logainm dhá mhíre atá i *Newtown* agus é déanta den eilimint TOWN cáilithe leis an aidiacht NEW. Tá malairt leaganacha *-ton/ -town[e]* ar an dara heilimint. Cláraíodh *Baile núadh* (16) agus *Baile nuadh* (17) mar leaganacha Gaeilge de sa bhliain 1838. Ar ndóigh, tá samplaí Gaeilge den logainm le fáil in áiteanna eile sa tír ón 13ú haois i leith, chomh maith le samplaí Laidine, Fraincise agus Béarla, féach Caibidil 3, 7.6.1. Toisc gur logainm coitianta é, bhí an deacracht chéanna ag an taighdeoir seo agus a bhí i gcás na *Newtown* eile sa leathbharúntacht, cinneadh a dhéanamh ar cé acu *Newtown* a bhí luaite sna foinsí fairsinge. Tabharfar sampla amháin den mearbhall a dteagmhaítear leis, mar shampla: tá an logainm *Newenton siue Iriston* (1) le fáil i gcáipéis dár teideal *Memorandum de Hibernia* (*ibid*:289-311). Scríobhadh an chairt ina bhfuil sé luaite sa bhliain 1381 agus is é tuairim an eagarthóra gur bhain an *Newenton* sin le Damh Liag. Seo an blúire ábhartha den téacs:

... Porcio de *Balmaclythan*, [=Macetown] *Rogereston*, *Payneston* et medietas ville de *Newenton siue Iriston* quarum decime hoc anno bendebantur pro iiij li. viij s. iiijd (£4 8s 4d) (296).

Is deacair a bheith cinnte faoi shuíomh *ville de Newenton siue Iriston*, ámh, (agus is logainm coitianta é *Irishtown*). Is i mbarúntacht Scríne, trasna na Bóinne ó thuaidh de Dhamh Liag Íochtarach atá an paróiste agus an baile fearainn *Balmaclythan/ Macetown* (*logainm.ie* 2013). Tá taifead ar *Rogerston* i bParóiste *Macetown* go stairiúil (CS1540-1 :37) agus in *Villata de Skryne* (*ibid*:104), cé nach bhfuil ach *Rogerstown* amháin i gContae na Mí (i bparóiste *Julianstown*) go comhaimseartha. Ach is ar an gcósta, síos ar fad ó dheas den *Ainí*, i bparóiste *Ardcath* a fhaightear an baile fearainn a bhfuil *Irishtown* air go comhaimseartha. Mar sin tá sé fíor-dheacair a rá go baileach cá bhfuil suíomh an *Newenton siue Iriston* atá luaite sa téacs thuas.

¹⁶ Tugadh tagairtí don trí *Newtown* ábhartha i sampla (8) sa Tábla thuas.

Is cosúil gur tugadh *Freeland/ Freelone* ar chuid de *Newtown* i bparóiste Dhamh
Liag go luath san 18ú haois, féach

Freeland Now occupied by ... By Estimation 20 Acres, of
w[hi]ch 4 pasture. The rest Arable Valued at 6s. 6d p[er] Acre....
(Forfeited Estates 1700:86)

agus de réir Colin Byrne:

This name [*Freeland*] or *Freelone* continues in use to refer to
part of Newtown Duleek OS sheet 38 (*ibid*, fonóta).

Pléifear an logainm *Newtown* go ginearálta i gCaibidil 3, **7.6.1**.

[49] PLATIN

*Plaitín (ainm neamhdheimhniithe *logainm.ie* 2005)

*Blaitine (moladh FSÁG 2005, moladh an taighdeora 2014)

- | | | | |
|-----|-----------|-------------------------------|---|
| 1) | 616 | Blatine
[Muintir] blaitini | AU i:90 (Onom Goed:117a)
Onom 564b (TS <i>logainm.ie</i> .) |
| 2) | 9ú | blaitine
blaitiniu (tabh) | A 10 a [A = Bk of Armagh] (Onom Goed:116b)
FSÁG 2005:151, PTBA 130 |
| 3) | 12ú haois | Blattine (gin) | LL vi:1672, 368 f, 51330
(Onom Goed:117a, AI 151b)
FSÁG:151, CGSH §707.938
(Féach BB 126a, Onom Goed:116b) |
| 4) | 12ú haois | Blatteined (gin) | LL i:196, 42a, 20
FSÁG:151, LL 5917- 8 |
| 5) | 12ú haois | Blatteined (gin) | FSÁG 2, 2005:151 LL 23906 |
| 6) | 12ú haois | Blatine | LL Gwynn I:38,7 (Onom Goed:117a) |
| 7) | 1213-17 | Platyn | XLVII Divisio bonorum vtriusque
Lanthonie in Hibernia. ICL:58 |
| 8) | 1233 | Platyn | 91 Compositio inter Ricardum Midensem
episcopum et domum Lanthonie iuxta
Gloucestriam ... <i>ibid</i> :276 |
| 9) | 1260 | Platyn
Platin | 24 Carta Cristine de duabus acris terre
in Altoburgagio versus Platyn <i>ibid</i> :223 |
| 10) | 1305 | Platyn | CJR1305-07:71 |
| 11) | 1306 | Thimol et Platyn | 713 Tax. D. M. CDI 1302-1307:252 |
| 12) | 1381 | Platyn X 3 | 98 Memorandum de Hibernia ICL:295-6 |
| 13) | 1467-8 | Platyn | SRPI Ed IV i:492 |
| 14) | 1467-8 | Platyne X 2
Platyn | SRPI Ed IV ii:408 |
| 15) | 1484 | Platyne | Statute roll, I Rich III, Connolly 2002: 24 |
| 16) | 1515 | Platyn | H VIII 2/76, CI 1992:2,
Féach freisin:H VIII 3/44 <i>ibid</i> : 3 |
| 17) | 1531 | Plattyn | H VIII 59/95 CI 1992:3 |

		Plattyn/ [Realatyngge] ¹⁷	H VIII 110/45 (c) <i>ibid</i> :60
18)	?	Platon; Platten ¹⁸	Inq Hen VIII (Archdall) TS 4 <i>logainm.ie</i>
19)	1540-1	Platen	Possessiones ... de Lanthony in Anglia pertinentes <i>Comitatus Midie</i> CSL 1540-1:32
20)	1547	Platen	CPCI R i, Ed IV:158, 8
		Platen	<i>ibid</i> :163, 73
21)	1553	Platten	CI 1992:140, M 6/29
22)	1560-1602	Platten-Platen-Plattin- Platton-Platyn	Fi Eliz X 19 TS 3/4 <i>logainm.ie</i>
23)	1561	Plattyn	Eliz 9/10 CI 1992:171
		Platyn	
		Platten	Eliz 10/220, <i>ibid</i> 171
		Platten	Féach freisin: Eliz 16/18, <i>ibid</i> 173-4
		Plattern (<i>sic</i>)	
		Platten	
24)	1568	Platen	Eliz 44/28, CI 1992:193
25)	1570	Platyn	Eliz 52/225 <i>ibid</i> :197-8
		Platten	Eliz 54/39, <i>ibid</i> :198
26)	1605	Plattin	[Liosta] CPR 68a, TS 3 <i>logainm.ie</i> ¹⁹
	1605	Plattin [near Newtown]	CPR 68b (<i>ibid</i>)
	1608	Platten	CPR 123a (<i>ibid</i>)
	1609	?Platen	CPR144a (<i>ibid</i>)
	1610	Plattyn	CPR 230b (<i>ibid</i>)
	1610	Platten	CPR 230b (<i>ibid</i>)
	1610	?Plattin	CPR 31a (<i>ibid</i>)
	1612	?Platten	CPR 213b (<i>ibid</i>)
	1620	Plattin	CPR 462a (<i>ibid</i>)
	1620	? Plattin	CPR 462a (<i>ibid</i>)
	1625	?Platten	CPR 595a (<i>ibid</i>)
27)	1607	Platyn, otherwise Ballyegnegrogh and Inuckfull ²⁰	CPR James I Facs 116b, XVII líne 25 (in RIA)
28)	1608	Platten	J 1 58/36 CI 1992, 356. ²¹

¹⁷ Luaitear *Sir William Darcy of Plattyn* sa cháipéis H VIII 59/95 (CI 1992:33) agus deirtear gurb eisean *Darcy of Realatyngge* i bhfonóta (1) a bhaineann le cháipéis H VIII 110/45 (c) (*ibid*:60).

¹⁸ *Platten* atá ag Archdall, féach (47) thíos. Níl a fhios agam cé as a tháinig *Platon*.

¹⁹ Cheadaíos na tagairtí atá ar an liosta seo ar chóip CPR James I Facs [RIA], agus táid uile cruinn.

²⁰ ‘Platyn otherwise Ballyencrogh’ atá ar TS *logainm.ie*.

29)	1609	Plateyne otherwise Balliregan, Crogh and Inchefall ²²	James I Facs 145b LXXXIII.17
30)	1609	Plateyne otherwise Balliregan, Crogh and Iachfall ²³	<i>ibid</i> 252b CVIII.18
31)	1617	Platten	Jac I:21 Inq Lag (TS 3 <i>logainm.ie</i>) ²⁴
32)	1619	Platten	Inq Jac I:31 (TS 3 <i>logainm.ie</i>)
33)	1628	Platten	Inq Car 1:40 (TS 3 <i>logainm.ie</i>)
34)	1636	Plattin	Inq Car 1:123 (TS 3 <i>logainm.ie</i>)
35)	1640	Platten	Inq Car 1:152 (TS 3 <i>logainm.ie</i>)
36)	1654-57	Platten Platten 12	DS Innéacs Duleeke & Abby Parrishes by Thomas Clarke. An Exact copy by Dan ^l O Brien Surv ^r
37)	1655-9	Platen	Is BN Goblet:329
38)	1654	Platten X 5 Platin Platen Plattin Plattine	CS:8, 9,13,15,16 15 17 49 9
39)	1659	Plattin	Census:479 (3/4 TS <i>logainm.ie</i>)
40)	c1660	Platten	BSD: 31 TS 3 <i>logainm.ie</i>
41)	1663	Plattin	Inq Car II 3 (TS 3 <i>logainm.ie</i>)
42)	1666	Platten	ASE 71b, ASE 81a (TS 4 <i>logainm.ie</i>)
43)	c1668	Platten 2 Platten	BSD Index <i>ibid</i> 2, 1663, 1666 sa téacs
44)	1672 ²⁵	Platten	Is HD Goblet:329
45)	1696	Platten	Inq Gul III, 1 (4/4 TS <i>logainm.ie</i>)
46)	1700	Plattine X 2	Forfeited Estates1700:81, 82
47)	1778	Plattin	T & S:41
		corrected to 1783	
48)	1786	Platten Platten near Newtown	Archdall Mon Hib (White):536, 538

²¹ Féach fonóta (4) a bhfuil an dáta 1576 luaite ann (*ibid* 358). Féach freisin fonóta (5) (*ibid*).

²² ‘Plateyne otherwise Balliregan’ (TS *logainm.ie*)

²³ ‘Plateyne otherwise Balliregan’ (TS *logainm.ie*)

²⁴ Cheadaíos Inq Lag chun na tagairtí (31) - (35), (41), (44) a sheiceáil, agus táid uile cruinn.

²⁵ 1685 (*logainm.ie*) *recte* 1672

49)	1802	Plattin	Stat. Survey (ls) TS 4 <i>logainm.ie</i>
50)	1812	Platin	Is Larkin (TS 4 <i>logainm.ie</i>)
51)	1812	Platin	Co. Map 1812, TS 4 <i>logainm.ie</i>
52)	1826	Cross of Plattan	HC Ed Rpt:AL TS 4 <i>logainm.ie</i>
53)	1830	Platin	BS:AL, TS 4 <i>logainm.ie</i>
54)	1830-40	Plattin	TCB:AL, TS 4 <i>logainm.ie</i>
55)	[1838] ²⁶	Platin	JOD (corr.):AL, TS 4 <i>logainm.ie</i>
56)		Platin	GJ Rates (Old Docket) TS 4 <i>logainm.ie</i>
57)	[1838]	Plaitin	OC:AL, TS 4 <i>logainm.ie</i>
		‘A small platea or green’	OD:AL, TS 4 <i>logainm.ie</i>
58)	[1838]	Plaitin	pl:AL, TS 4 <i>logainm.ie</i>
59)	20-10-70	Plaitín	P de Barra <i>logainm.ie</i>
	14-11-74	Plaitín	R/Dlí & Cirt P de Barra
	9/12/75		R/Oid <i>logainm.ie</i>
60)	1835/6	Newtownplatin	Is SO
	revised	Platin Hall ²⁷	
	1899		
61)	7/12/05	Plaitín	Úd Áit (Bileog fianaise) TS 1 <i>logainm.ie</i> PÓC TS 3 <i>logainm.ie</i>
62)	[2005]	[blaitine blaitiniu (tabh) Blattine/ Blatteined (gin)	FSÁG 2005:151, féach (2) - (5) thuas
63)	2010	'platən	fogharscríobh, Jim Curley

Is i bparóiste Dhamh Liag, Barúntacht Dhamh Liag Íochtarach atá an baile fearainn *Platin*. Seachas *Platin Fort*²⁸ atá 70 méadar ar airde (2010:ls SO 43) is áit leibhéal é *Platin* anois. Bhíodh *logainm* seanbhunaithe Gaelach ar an áit - *Blaitine* - agus an chosúlacht air gur baineadh leas as ar feadh achair os cionn 600 bliain. Is í an tagairt do

Anfartach hu Mercain do muinntir Blatine (1)

(an fear a mharaigh *Colggen mac Suibni* agus *Fergusa filii Colman magni* sa bhliain

²⁶ 1836 atá tugtha ar *logainm.ie* ach 1838 atá luaite ar an AL.

²⁷ ‘Home of Anglo-Norman family D’Arcy .. eminent soldier under Edward III ... came as justiciary in 1329 ...built Plattin [Hall] on retirement and lived until †1347. Home to D’Arcys until 17th century, sided with James II and lost all property after battle of Boyne. Later Georgian building destroyed by fire in 1940s. Completely new house built 1953’ (O’Boyle 1989:78).

²⁸ Ní dún é seo, féach Caibidil 1, 3.

616), an tagairt is luaithe a aimsíodh don staidéar seo. Tá tagairt don eachtra chéanna in LL freisin (a scríobhadh tuairim is cúig chéad bliain ina dhiaidh sin) féach:

Fergus mac Colmain .uii. Anfertech hua
Mescill ros marb i cath Blatteined (4)

agus luaitear ‘cath birach Blatteined’ (5) in LL freisin. Tá nóta curtha leis an tagairt sin in FSÁG ag rá go bhfuil sé dóchúil gurb é an baile fearainn *Platin* i nDamh Liag Íochtarach, i gContae na Mí atá i gceist leis (2005:151).

Luadh *Blatine* sa dán ‘Temair V’ de chuid an Dinnsheanchais freisin:

A síd i mBruig, bíd cuman,
Cumar Druman, Druim Calad,
Belat, **Blatine**, Bruigin,
Muincille, Mured, Maigin

Cerma Caprach, is Callann,
Mag mBreg co h-ilar drummann ... (6)

agus deir Hogan

I think it is in the ‘demesne of Platten in p. of Duleek, 2 ¼
m SW of Drogheda’ (Pgi iii. 76 = PGI 5 N-T, 1846 (1998)
which is in Campo Breg; (Onom Goed:117a).

Luaitear Blaitine i dtéacsanna a bhaineann leis an gCríostaíocht freisin - is cosúil gur bunaíodh an ceathrú teach pobail as ocht gcinn a tógadh in *campo Breg* le linn mhisiúin Phádraig i *mBlaitiniu* (2), agus ainmnítear an naomh *Tigernach Blattine* (3)²⁹ sa liodáin *Comainmnigud Noem hErenn* atá le fáil in LL (3).

Is beag an difear idir foirmeacha an logainm mar a fhaightear i gcáipéisí na gcoilíní ón 13ú haois go dtí ár linn féin, féach na 55 sampla de (7) - (60), (63) atá cláraithe sa Tábla thuas .i. *Plat[t]yn[e]/ Plat[t]in[e]/ Plat[t]en/ Plat(t)on/ Plattan/ Plattern*.³⁰ Léiríonn an sampla *Platten near Newtown* (26), (47) an bealach a bhí ag áitritheoirí idirdhealú a dhéanamh idir na bailte nua a tógadh, trína nascadh le bailte fearainn seanbhunaithe.³¹ B’fhéidir gur baile nua a bhí in *Newtownplatin* (60).

²⁹ An bhfuil baint ag an naomh *Tigernach Blattine* leis an bhfear a theaglamaigh *Annála Tigernach*?

³⁰ Botún cló atá san -r- in *Plattern*, sílim.

³¹ Féach freisin **NEWTOWN** Caibidil 3, **10.1**.

Feictear deighilt iomlán idir na foirmeacha Gaeilge a bhfuil túsleitir #B- orthu - *Blatine* srl (1) - (6) a scríobhadh idir an 7ú haois agus an 12ú haois - agus na foirmeacha a bhfuil túsleitir #P- orthu a fhaightear sna cáipéisí Laidine agus Béarla ón 13ú haois i leith. D'fhéadfadh sé gur tháinig *Blaitine* faoi thionchar an tsloinne Fraincise *Platyn* i ndiaidh theacht na Normannach.³²

Tá an chosúlacht ar fhoirm Ghaeilge na 19ú haoise .i. *Plaitin* (57), (58), go ndeachaigh O'Conor/ Ó Donnabháin (TS 2/4 *logainm.ie* 2009) i muinín na Laidine le ciall a bhaint as an logainm, nuair a bhreac siad *A small platea or green* san ainmleabhar (56) mar mhíniú air.³³ Tá an chuma ar leaganacha Gaeilge na 20ú haoise agus an 21ú haoise gur díorthaíodh ó PLAIT + ÍN atá *Plaitín* (59), (61). Ní léir ar *plait* sa chiall 'bare patch' (FGB) + an mhír dhíspeagtha atá i gceist leis seo, nó an tras-scríobh foghraíoch ón bhfoirm Fraincise/ Bhéarla *Platin* atá ann. Ach tá an fhoirm Ghaeilge *Blatine* (1), (2), (6) seanbhunaithe, mar aon leis na claontuisil *blaitini/ blaitiniu/ Blattine/ Blatteined* (1) - (5) agus tá an chosúlacht ar fhoirmeacha na 19ú haoise, na 20ú haoise agus na 21ú haoise gur foirmeacha aischruthaithe iad sin atá bunaithe ar thras-scríobh foghraíoch ar *Platin*. Tugann FSÁG aitheantas d'fhoirmeacha *Blattine* atá cláraithe sa Tábla, féach (62) agus (2) go (6) thuas. Níor thángthas ar aon sanasaíocht i leith an logainm Gaeilge *Blaitine* le linn an staidéir seo.

Tá monarcha mór stroighne i mBlaitine/ *Platin* anois, atá le feiceáil agus tú i bhfad uaidh, toisc an talamh a bheith ina chlár réidh mórthimpeall air. Táthar ag tairgeadh stroighne ann ón mbliain 1972 i leith (<http://www.irishcement.ie/wp-content/uploads/2010/06/Platin-Brochure.pdf>).

Dhá *Plattin* a bhí fanta sa tír sa 19ú haois, de réir an *Census* a tógadh sa bhliain 1851, an *Plattin* atá i bparóiste Dhamh Liag, Chontae na Mí atá faoi thrácht againn anseo, agus *Plattin* eile a bhfuil –s- agus TOWN nasctha leis - *Plattinstown*, paróiste Inse/ *Inch*, barúntacht Ghuaire/ *Gorey* i gContae Loch Garman. Fanann an dá logainm sin ag comharthú na mbailte fearainn chéanna go comhaimseartha.

³² Is ó *plat* a chiallaíonn 'áit réidh' nó 'talamh leibhéal' atá *Platyn* díorthaithe. Feidhmíonn *Le Plat* mar logainm ar bhailte beaga in *Ardèche*, *Loire* agus *Rhône* go comhaimseartha. Tá *plat* le fáil mar eilimint sa sloinne Francach freisin, féach *Duplat* (leis an alt), *Platon*, *Platton* avec l'art contr. **Duplat**, désigne 'un endroit plat' aussi n. de lieu *Le Plat* ... **Platon**, **Platton en anc. fr** planche plate; **pérforativ Plattard**, **Platin** avec le sens de pays plat, forme ital. **Platini** (Morlet 1991:793). Deir Reaney & Wilson gur sloinne meatonaimeach é *Platon*. Is ón Sean-Fhraincis *platon* (a chiallaíonn clármhiotal) atá sé díorthaithe agus luaitear beirt - *William* agus *Walter Platon* sna blianta 1198 agus 1327 faoi seach a bhain le Sasana. Féach freisin **Platner**: John le *Platener* 1290 AD. A derivative of OFr *platon* 'metal plate' plate maker (1958:276).

³³ Féach DIL *plait* (f) (Lat. *platea*) 'a street'. Féach freisin TS 2 *logainm.ie*.

Barúntacht: Damh Liag Íochtarach

Paróiste: Damh Liag/Duleek

[50] **PRIORYLAND**³⁴

Is logainm Béarla é seo.

Taifeadadh *lez Magdalenes jux' Dyuelek* don áit seo sa 15ú haois (2014)

?*Spidéal³⁵ **na Maigdiléana/ ?*Fearainn Mhaigdiléana/ * Fearann na Maigdiléana**

?*Spidéal an Mhaidilín/ ?*Fearainn Mhaidilín (roghanna an taighdeora 2014)

1)	1655-9	Pryory	Is BN Goblet:331
2)	1655-7	Priory	Duleeke & Abby Parrishes by Thomas Clarke. An Exact copy by Dan ¹ O Brien Surv ^r ³⁶
3)	1672	Pryory	Is HD Goblet:331
4)	c1830	Priory-land	BS:AL TC <i>logainm.ie</i>
5)	1851	Prioryland	Census:764
6)		Priory of Duleek	GJ Rates (Old Docket):AL TC <i>logainm.ie</i>
7)	1835/6 revised 1899	Prioryland	Is SO
8)	2014	'praiəri:land	fogharscríobh, Jim Curley

Is i bparóiste Dhamh Liag/ *Duleek* i mbarúntacht Dhamh Liag Íochtarach i gContae na Mí atá an baile fearainn *Prioryland*. Logainm dhá eiliminte atá ann anois - *priory* agus *land*,³⁷ cé go raibh teacht ar an logainm mar eilimint aonraic *Pryory* (1), (3), *Priory* (2), ar léarscáileanna BN, DS agus HD sa 17ú haois, agus mar *Priory of Duleek* (7) sa 19ú haois. Níor frítheadh aon fhianaise ar an logainm *Prioryland* i bparóiste Dhamh Liag roimh an 19ú haois, féach (4), (5), (6) sa Tábla thuas. Is téarma é *Priory* a tháinig isteach le linn ré Eilíse (cé go raibh an sloinne Sasanach *Prior* le fáil ón 13ú haois i leith).³⁸ Is cosúil gur tháinig an logainm Béarla *Priory/ Prioryland* chun cinn i ndiaidh dhíscáileadh na mainistreacha. Is cosúil go raibh an chiall: ‘foirgneamh na

³⁴ Níl *Pryory/ Priory/ Prioryland*, paróiste Dhamh Liag luaite in ICL ná in CGR. Níor luadh sa CS é, ná in *Census 1659*. Níor thaifead ÓD aon leagan Gaeilge don áit in 1836.

³⁵ Tá *Spiddal* le fáil mar ainm ar bhaile fearainn i bparóiste An Obair/ *Nobber*, barúntacht Mhachaire Gaileang, Contae na Mí; An Spidéal/ *Spiddle* atá ar bhaile i bparóiste Mhaigh Cuilinn, barúntacht Mhaigh Cuilinn, Contae na Gaillimhe.

³⁶ ‘M In Commonstown’ = Nóta ar bharr na léarscáile. Ní thuigim an nóta. (Tá *Commons* ó thuaidh de bhaile Dhamh Liag atá ó thuaidh de *Prioryland*.)

³⁷ Nascadh *PRIORY* le heilimintí eile freisin faoin 19ú haois, féach *Priory Demesne* (TÁ) (*ibid*:764).

³⁸ Frítheadh dhá thagairt d’áiteanna eile sa tír a bhfuil *Priorland* orthu. Is dócha gurb é *SLOINNE + LAND* an struchtúr atá acusan.

mainistreach agus a bhain leis an mainistir idir gabhálais (*appurtenances*) agus tailte' ag *Priory* sa 16ú haois, féach an cur síos ar an mainistir *Priory of Gracedieu* [BÁC] agus ar mhaoin na mainistreach sa bhliain 1540, mar shampla (Hen VIII 148/36 CI 1991:76, 77). Ach sna haoiseanna roimhe sin, ainmníodh tailte na bprióireachtaí as ar bailíodh deachúna, beathúnais agus seirbhísí ina logainmneacha féin (ICL:178-194, CLXV, *ibid*:289-311, Cairt 98, CSL:27-49, IMP:314-17, 60, 273, féach freisin Caibidil 3, **5.3**).

Bhain Archdall leas as an téarma *Priory* san 18ú haois, agus is dócha gurb í an chiall a bhí leis an t-am sin ná 'foirgneamh na mainistreach agus a bhain leis an mainistir idir gabhálais (*appurtenances*) agus thailte', mar a bhí sa 17ú haois. Is mar a leanas a fhaightear an téarma aigesean:

[Teideal] Priory of the Virgin Mary.

We find in a close roll 29th King Edward III that a priory was founded here for regular canons, by one of the family of O'Kelly long before the arrival of the English

agus deir sé

AD 1200 Gilebert (*sic*) was prior in the time of Simon Rochfort, bishop of Meath (1786:537).

agus

AD 1279 licence to elect a prior granted (*ibid*).

Ach ní *Priory* a bhí anseo in aimsir Uí Cheallaigh (O'Kelly) ach mainistir, agus ní *prior* a bheadh i bhfeidhil uirthi ach ab, mar ba mhainistir dhúchasach Ghaelach í - Mainistir Chianáin - sular athainmnigh Muircheartach Ó Ceallaigh í agus é ag tabhairt Mainistir Mhuire uirthi, an t-am a rinne sé mainistir Agaistíneach di c1150, roimh theacht na Normannach (*passim*, féach *Duleek* [37], agus Caibidil 3, **6.2, 6.3, 6.4, 6.5**). B'éigean do na Normannaigh teach eile Agaistíneach a bhunú sa 12ú haois - *sancti Michaelis* (de bharr chomh seanbhunaithe agus a bhí Mainistir Chianáin/ Mhuire, ní foláir). Mar sin, bhí dhá theach ag na bráithre Agaistíneacha - ceann Gaelach agus ceann Normannach - a bhí an-ghar dá chéile.

Maidir leis an eilimint LAND, cé go bhfuil cúpla tagairt le fáil don eilimint i logainmneacha a scríobhadh i bhfoinsí na 13ú haoise, féach *Laylond/ Leylonde* AD 1315 (CGR 94, f.120), agus i bhfoinsí na 14ú haoise, féach *Gilsland* (CGR vii), tá fianaise i bhfad níos fairsinge ann, gur baineadh leas as an eilimint LAND[S] mar

cháilitheoir i logainmneacha na 16ú haoise (cf. **Nóta ar an eilimint LAND** ag deireadh na plé ar *Abbeyland* [26]).

Taispeánann bisiúlacht an dá eilimint Bhéarla PRIORY agus LAND a bhfuil samplaí stairiúla díobh le fáil anuas go dtí an 19ú haois (féach **Nóta** thíos) chomh mór agus a d'éirigh le hEilís codanna d'Éirinn a choilíniú. Ní hamháin go ndearna Eilís agus a comharbaí scrios ar chóras mainistreacha na tíre, ach bhaineadar a logainmneacha féin d'áiteanna a bhfuil PRIORY mar eilimint iontu anois, nós atá fós á chleachtadh fiú lenár linn féin.³⁹

Tá *Prioryland* Dhamh Liag suite ar an taobh thoir d'*Abbeyland*. Bheadh príomhthailte na prióireachta *sancti Michaelis* gar don phrióireacht in *Abbeyland*. Tá fothracha agus tailte na mainistreach dúchasaigh *Mainistir Chianáin/ Mainistir Mhuire* ó thuaidh de *Abbeyland* i nDhamh Liag. Ní fios ar bhain tailte *Prioryland* le manaigh a d'fhreagraíodh don ab, roimh dhíscaoileadh na mainistreacha,⁴⁰ mar ní *Priory* a bhíodh ar *Prioryland* aon uair, ach ospidéal, agus sheas an t-ospidéal ar áit darbh ainm *Les Maudelyneslandes*, mar a phléifear thíos.

Ní dócha go raibh Gaeilge ar *Prioryland*, paróiste Dhamh Liag riamh.

***Lez Maudelyneslandes* - Seanainm *Prioryland* i bparóiste Dhamhliag?**

Bunaíodh ospidéal ar thalamh *Prioryland* sa 12ú haois faoi na *hospitallarios* (ICL: 34 XXVII, 40) nó na *fraters Hospitalitatis Ierosolomitani* (*ibid*:40 XXXVII)⁴¹ agus ainmníodh an t-ospidéal i ndiaidh *Maria Magdalene* (O'Boyle 1989:27, 28).⁴² Is fiú stair an ospidéil a rianadh anseo, mar atá sna cáipéisí a ceadáíodh, mar chúlra ar logainmneacha a bhfuil an eilimint MAUDLIN iontu, a fhanann i mbéal na ndaoine in *Prioryland*, paróiste Dhamh Liag i gcónaí.

D'fheidhmigh an t-ospidéal mar ospidéal lobhar - *domo leprosum* (?c1202-10, ICL:213, 6)⁴³ agus is cosúil gur lean le hobair an ospidéil go dtí an leath deireanach den


³⁹ Baintear leas as an eilimint PRIORY i logainmneacha in eastáit thithe a tógadh san 20ú haois, cf. mar shampla *Priory Drive, Priory Close, Priory Crescent* srl. (*logainm.ie* 2013).

⁴⁰ '... from ME *prior* prior, a monastic official immediately subordinate to an abbot' (Hanks & Hodges 1989 [1988]:432).

⁴¹ Féach freisin *ibid*: 233, Cairt 38.

⁴² *The Hospital of Mary Magdalen* (*op cit*). Féach freisin go luann Archdall 'a house called le Magdelyns, in Duleek' faoin teideal *Hospital* (1786:539).

⁴³ Aistríonn Hogan 2008:251-2 '...Walter de Lacy (*mac Hugo*)... [has] given to the church of St John the Baptist of Llanthony (.i. *Llanthony Secunda* i n*Gloucester*) and the canons there serving God ... that piece of level ground at Duleek that lies between the river which runs next to the house of the canons at Duleek and the road which runs from the house of lepers right up to the land, which belonged to Adam ... '. Féach freisin Gwynn & Hadcock 1970:350.



Bailte Fearainn Dhamh Liag, Abbeyland, agus Prioryland

15ú haois ar a laghad. Ní fios arbh iad na Teamplóirí (*Knights Templars*),¹ nó Muintir Eoin Baiste de Iarúsáilím (*Knights Hospitallers of St John of Jerusalem*) a bhunaigh sa 12ú haois é. Tá tuairisc le fáil ar aighneas a bhí ar bun idir na *hospitallarios* agus canóin *Llanthony* maidir le seilbh na ndeachúna a bhain le talamh *Ade Dollard* sna blianta 1187-91 (ICL: 233, Cairt 38)² a thabharfadh le fios go raibh na *hospitallarios* neamhspleách ar *Llanthony* sa 12ú haois, ach is cinnte gur i seilbh *lez Procatours de lantony* a bhí an talamh sin sa 15ú haois, an t-am a tugadh *lez maudelyneslandes* air (AD 1459, SRPI Henry VI: 628-30, 22).³

Tugtar le fios go raibh an t-ospidéal i seilbh an rí Anraí IV sa bhliain 1403, agus gur bhronn an rí ar urlámh Thomas Scargyll é, chomh maith le tailte Naomh Muire d’Odhra/ *Odder*

saving all taxes and impositions payable to the said hospital, which the said Scargyll conditioned to discharge (Archdall1786:539).

Mar sin, d’fhéadfadh sé gurb iad na cailleacha Agaistíneacha faoin mainistir in Odhra/ *Odder* a bhí i bhfeidhil air sa 15ú haois (O’Boyle 1989:27).

Rinneadh tagairt eile don ospidéal sa bhliain 1419:

[Henry V] granted to John Tonour the custodium of the house called ‘le Magdelyns’ in Duleek with all lands, rents, etc thereunto belonging, and then seized into the king’s hands, to hold the same, whilst they continued in that state, free of all rents and taxes (O’Boyle 1989:27).⁴

Tharlódh gurb iad Thomas Scargyll agus John Tonour feidhlithe an ospidéil ag tús na 15ú haoise. Ní léir ar bhain siadsan leis na *hospitallers* nó leis na hAgaistínigh a bhí lonnaithe i bprióireacht *sancti Michael* siar uathu san áit ara dtugtar *Abbeyland* anois. Ní fios, ach an oiread, an raibh siad ag obair don bhan-ab in Odhra/ *Odder* mar go luaitear an t-ospidéal le sealúchas Mhuire d’Odhra/ *Odder* sa bhliain 1403 (*passim*).

¹ De réir Archdall bunaíodh na *Knights Templars* in 1118 agus cuireadh deireadh leo in 1312, nuair a tugadh a sealúchais do na *Knights Hospitallers*. (Luaitear *fratres Hospitalitatis Ierosolomitani* i gcomhthéacs ospidéil in *Kilmainham* i mBaile Átha Cliadh in AD 1231 (ICL: 40, Cairt XXXVI). Níl aon ord luaite le hospidéal *Maria Magdalene* in Gwynn, Hadcock (1970), ach i bhfianaise a bhfuil ráite ag Archdall is dócha gurb iad na *fratres Hospitalitatis Ierosolomitani* a bhí i mbun oibre sna hospidéil éagsúla i ndiaidh AD 1312.

² Vniuersitati vestre notum fieri volumus quod causa que vertebatur inter canonicos Lanthonie et Hospitalanos (*sic*) super ecclesia et decimis de terra Ade Dullard’ (*op cit*, aistrihe go Béarla ag Hogan 2008:240). Bhí an t-aighneas sin fós ar bun in 1192-1202, féach ICL: Cairt XXVI *et passim*, aistrihe go Béarla ag Hogan (*ibid*:244).

³ Frítheadh tagairt amháin eile don ospidéal i gcáipéis de chuid na 16ú haoise, AD 1546, adeir go raibh *George*, ard-easpag Ard Mhacha i dteideal maoiné ó *Rathmolán* i measc na ‘rectories belonging to the hospital of St John of Jerusalem ...’ (H VIII 193/56 CI 1991:110).

⁴ Féach freisin Archdall1786:539.

Luaitear *lez Magdalenes jux' Dyuelek* sa bhliain ?1423 i gcáipéis Laidine (Rot Pat 231, 5 Hen VI 2), agus tugann an chéad tagairt eile don ospidéal (a frítheadh i gcáipéis reachtaíochta de chuid Anraí VI) le fios go cinnte gur i seilbh an rí a bhí 14 acra den talamh a bhí thimpeall ar an ospidéal agus gur thug an rí do chanóin Agaistíneacha *sancti Michael/ Llanthony Secunda* an talamh seo, ar mhaithe an ospidéil (SRPI Henry VI: 628-30, XXII). Scríobhadh an cháipéis sin sa bhliain 1459, agus tá tagairt inti don droichead a raibh an t-ainm *le pount dez Maudelynes* air freisin (a bhí ó thuaidh d'ospidéal Mharia Magdalene) agus taifead ann gur bronnadh 14 acra de thalamh agus móinéar [*terre et pree*] don

Chapell dez Maudelynes ... al supportacion et sustentacion dez leprez

le fada [*de auncient temps*] ach go raibh an talamh seo - an 14 acra thuasluaite - i seilbh an Rí le 40 bliain. Riarraigh Anraí VI go n-aischuirfí aon chuid den ghabháltas a baineadh díobh blianta beaga roimhe sin leis na *Procatours de lanthony* agus go bhféadfadh na prócadóirí seilbh a choinneáil ar an ngabháltas go ceann 20 bliain eile, agus má bhí fuíollach ar bith fanta tar éis aire a thabhairt do na lobhair, go bhféadfaí leas a bhaint as an bhfuíollach sin chun an droichead (*le pount dez Maudelynes* thuasluaite) a dheasú (*op cit*). In AD 1478, c 20 bliain ina dhiaidh sin arís, dhearbhaigh Éadbhard IV go ngabhfaidh maoin an 14 acra, a bhíodh ag séipéal de chuid *Seint Marie Magdaleyn* le haghaidh an droichead a dheasú, chuig

henrie prior del meason ou Priory de lanthony
iuxt Gloucestre in Engletre (SRPI Ed IV ii:642, VIII).

Agus dhearbhaigh Éadbhard IV sa bhliain 1481 go raibh *lez maudelyneslandes de diveleke* ‘tugtha’ agus ‘bronnta’ ar *henrie prior de lanthony iuxt Gloucestre in Engletre* (SRPI Ed IV ii:882, XXI).

Frítheadh tagairt do *Maudlen-Meadow* sa bhliain 1605, beagnach 130 bliain ina dhiaidh sin, i gcáipéis de chuid Séamas I (CPR James I:69 A 27) agus luaigh Archdall *Madlune meadow* san 18ú haois freisin. Tá tagairt Archdall thar a bheith áisiúil mar suíonn sé *Madlune Meadow* i nDamh Liag, féach:

... five acres of arable and five of meadow, called
the *Madlune meadow*, in Duleek (1786:539).

Níl iarsma ar bith fanta den ospidéal anois, ach maireann trí logainm i gcónaí, a

thagraíonn d'ainm an ospidéal. Is iad sin *Maudlins Bridge*,⁵ atá ag bun bhaile Dhamh Liag, *Maudlin Meadow* atá ó dheas den droichead, soir ó bhóthar Bháile Átha Cliath, agus garraí a bhfuil an t-ainm *Maudlin field* (French 2009:18) nó, *The Hospital Field* mar a thugann O'Boyle air (1989:28).

Cé is moite den aon fhoirm amháin Laidine atá le fáil i gcáipéis Laidine de chuid Anraí VI .i. *lez Magdalenes jux' Dyuelek (passim)*, is i bhFraincis na 15ú haoise a fhaightear na foirmeacha stairiúla eile den logainm seo, féach *le pount dez Maudelynes, Chapell dez Maudelynes, lez maudelyneslandes de diveleke (passim)*. Tharlódh mar sin, gurb é an t-ainm a bhíodh ar an mbaile fearainn ón 12ú haois i leith ná foirm níos sine ná *lez maudelyneslandes* agus gur athraíodh go *Prioryland* é sa 17ú haois i ndiaidh choigistiú na mainistreacha. Tá cur síos ag O'Keefe, Simington (1991) ar an droichead mar a leanas:

The bridge's true name 'St Mary Magdalen' suggested that it was erected c1200 when Norman land grants to support leper hospitals and bridges were made in many parts of Ireland, evidenced by the Maudlin townlands. This was in the tradition of the 'Peace of God' movement which began in Aquitaine in the 10th century. Under it ... the erection or repair of a bridge was a charitable work. ... it seems likely that the original sections of the bridges, although dated to the post-Norman period were constructed in the Irish Romanesque style. Such a style seems to have evolved here for stone arch bridges, as well as for ecclesiastical buildings, from the 8th to the 13th century (74)

... No other bridge ... exhibits the evolution of the radial arch in Ireland as clearly as Duleek (115).

Cé go mb'fharr an t-ainm Gaeilge a bhí ar *Prioryland* roimh theacht na Normannach a aimsiú, dá mb'fhéidir, d'fheileadh leagan Gaeilge de *lez maudelyneslandes* don áit idir an dá linn, má táthar le haghaidh logainm Gaeilge a chur ar *Prioryland*. Maireann an eilimint *Maudlin* go háitiúil mar a léiríodh thuas. Tá *Maudlin* le fáil ar dhá bhaile fearainn i gContae na Mí a bhfuil ceann díobh i bparóiste Bhaile Átha Troim, barúntacht Maigh Fionnráithe Íochtarach, agus an ceann eile i bparóiste Cheanannais, barúntacht Cheanannais Uachtarach. Is é Maidilín an t-ainm deimhnithe atá ar *Maudlin* i gcás dhá bhaile fearainn i gCill Chainnigh, agus tugtar Sráid Mhaigdiléana ar shráid i nDroichead Átha (*logainm.ie* 2014).

⁵ cf. AICM:182, 1831. Ní thugtar ainm an droichid. Luann Moore an droichead a thóg William Bathe sa bhliain 1587 freisin (*ibid*: 1832).

[51] RAHILL⁶

*Ráth hOilill nó *Ráth hAilill (roghanna an taighdeora 2014)

1)	1540-1	Rahyll	CSL 1540-1: 33
2)	1540-1	Rathill	IMP 1540-1:314
3)	1627	Rathhill	Car I 30 Inq Lag
4)	1569	Rathyll	IFTS ii (Eliz):188 F1460
5)	1659	Rahill	Census:479
6)		[Rahill] ⁷	[Inq C I:AL, TC <i>logainm.ie</i>]
7)	1654	Rahill	CS 15, 19, 21, 49
8)	1655-9	Rahill	Is BN, Goblet:334
9)	1655-7	Rahill Rahill	DS:AL, Duleeke & Abby Parrishes by Thomas Clarke. An Exact copy by Dan ¹ O Brien Surv ^f
10)	c.1668	Rahill 4 Rahill not in y ^e abstract	BSD Index <i>ibid</i> 4, téacs
11)	1672	Rahell	Is HD, Goblet:334
12)	1659	Rahill	Census:479
13)	1786	Rathill	Archdall Mon Hib (White):535-6
14)	1812	Rathilt	Is Larkin
15)	1812	Rahill	Co Map:AL, TC <i>logainm.ie</i>
16)	c1830	Rahill	BS:AL, TC <i>logainm.ie</i>
17)	1830-40	Rahill	TCB:AL, TC <i>logainm.ie</i>
18)	1830-40	Rahill	JOD:AL, TC <i>logainm.ie</i>
19)	1838	Rathaille	pl:AL, OD:AL TC <i>logainm.ie</i>
20)	1838	Rathaille	OC:AL, TC <i>logainm.ie</i>
21)	1851	Rahill	Census:771
22)	1928	Rath-Aille	Ó Meachair:135
23)		Rahill	GJ Rates, (Old Docket), TC <i>logainm.ie</i>
24)	2014	,ra'hiL	Dessie Lynch, Dromainn ⁸

⁶ Níl aon tagairt do *Rahill* le fáil in CDI 1171- 1301, ná in CJI 1295 – 1314, ná in CGR, ná in CSPI ED IV, ná in CI 1991.

⁷ *recte* Rathhill féach (3).

⁸ Is léir nach bhfeileann an *logainm* seo d'fhoghraíocht an Bhéarla, mar fuaireas leaganacha labhartha eile ó dhaoine eile: (i) le comhbhéim ar an dá shiolla agus (ii) leis an bpríomhbhéim ar an gcéad siolla. Sílim gur léiriú iad sin go bhfuil an bhéim ag athrú sa *logainm* de bharr thionchar an Bhéarla.

Is i bparóiste Dhamh Liag, Damh Liag Íochtarach, atá an baile fearainn *Rahill*, agus is cosúil go bhfuil dhá mhír sa logainm. Is iad foirmeacha na chéad eiliminte ná *Ra-* (1), (5) - (12), (15) - (18), (21), (23) agus *Rath-* (2), (3), (4), (13), (14). Is iad *-yll* (1), (4), *-ill* (2), (13), *-hill* (3), (5) - (10), (12), (13), (15) - (18), (21), (23), *-hell* (11) agus *-ilt* (14) foirmeacha na dara heiliminte. Is dócha gur sciorradh pinn is cúis leis an bhfoirm chorr *-ilt* (14), a bhí marcáilte ar léarscáil Larkin. Tharlódh gur tuaipis is cúis leis an bhfoirm *-hell* (11) atá ag Goblet, ós rud é go bhfuil *-hill* scríofa mar cháilitheoir *Rahill* sa CS (7), sa DS (9) agus sa BSD (10).

Téann imlíne comhairde 60 méadar thimpeall ar *Rahill* ar léarscáil na SO 2005 agus is iad foirmeacha Gaeilge na 19ú haoise ná *Rath-Aille* (22) agus *Rathaille* (19), (20) a mhínigh Ó Donnabháin mar ‘fort of the declivity’.

Níl trácht ar an logainm *Rahill* go dtí an 16ú haois agus is beag athrú a tháinig air go dáta. Cé go bhfuil níos mó de *Ra-* ná de *Rath-* le fáil i bhfoirmeacha na chéad eiliminte, táthar ag dul sa muinín gurb é RÁTH bunús na céad-eiliminte fad agus a bheidh an dara heilimint á fiosrú.⁹ Ar ndóigh, is féidir a bheith nach mór cinnte gurb é RÁTH an chéad eilimint sa logainm, mar tá RÁTH le fáil go cinnte in eagrán iontaofa Hardiman, féach *Rathhill* (3), agus d’fheadfaí RÁTH a léamh i samplaí (2), (4), (13), (14) chomh maith. Léiríonn an fhianaise eile nach bhfuaimníítí an *-th* i bhfoirmeacha an logainm ón 16ú haois i leith. Is cosúil gur ghlac ÓD agus OC leis sa 19ú haois gurb í an eilimint RÁTH príomheilimint an logainm, féach *Rathaille* (19), (20), mar aon le Ó Meachair a thug *Rath-Aille* air san 20ú haois.

Is eilimint choitianta í RÁTH, a nasctar le réimse eilimintí éagsúla i logainmneacha na tíre, féach Caibidil 3, 2. 2.

Níl fianaise dá laghad ann, a chabhródh linn chun brí an cháilitheora *-yll/ -ill/ -hill/ -ell* a scaoileadh. Ní féidir ach breathnú i dtreo logainmneacha cosúla in áiteanna eile sa tír, agus *Rahill*, paróiste Dhamh Liag, a mheas le hais a bhfianaise siúd.

⁹ Ós rud é go ndeir Walsh agus é ag míniú *The Parish of Rahonnell*: ‘The Irish of Rahonnell is *Rubha Chonaill* ‘the brake or thicket of Conall’ [†635] (1957:231-2), smaoiníodh go mb’fhéidir gurb é an focal *rubha* bunús céad-eiliminte *Rahill* [féach DIL:111 *rubha* word of doubtful meaning, freq. in place-names]. Féach freisin Onom Goed:589. Deir Joyce: ‘The herb *rue* is denoted in Irish by what is in sound the same as the English word, namely *ru* or *rubha* [rooa]... OS maps commonly ... distinguished between ... words by anglicising *ruadh* [‘red’], *roe* and *rubha*, *roo* or *rue*’ (c1870:342). Ní fios an bhfásfann na plandaí *ru corraigh* ‘common marsh- bedstraw’ nó *ru Mhuire* ‘lady’s/ yellow bedstraw’ i *Rahill* (nó an mbídís ag fás ann tráth) ach ní oireann cáilíocht an ghuta fhada don logainm *Rahill*. Mar sin, ní dócha gurb é *Rubha/Roe* atá i gceist le chéad eilimint *Rahill*.

Tá baile fearainn amháin i gContae Cheatharlach, *Rahill* i mbarúntacht *Ráth Bhíle*, agus is í *Ráth Choill* an fhoirm Ghaeilge (neamhdheimhnithe *logainm.ie* 2013) a cuireadh airsean. Is cosúil gur cuireadh an fhoirm *Rathcoyl* san áireamh agus an SO ag réiteach na foirme Gaeilge sin (Papal Tax 1302-6, *logainm.ie* 2013 = CDI 1302-07:251).¹⁰

Is í an deacracht a bhaineann leis an mbaile fearainn *Rahill* atá faoi scrúdú anseo ná, nach bhfuil a fhios againn cén claochlú atá déanta ag *Ráth* ar an gcáilitheoir *-ill/ -yll*. Is iomaí difir a fhaightear i seanfhoirmeacha cháilitheoirí *logainmneacha* eile a bhfuil RÁTH mar chéad-eilimint iontu, sa tréimhse ama chéanna a bhfuil *Rathcoyle*, Contae Cheatharlach le fáil .i. thart ar thús na 14ú haoise. Mar sin, breathnófar ar cháilitheoirí na heiliminte RÁTH a bhfuil na túschonsain *g-, c-, k-, f-, s-, t-, h-* nó guta orthu, chun teacht ar eolas maidir leis na claochlaithe a imríonn RÁTH orthu sa tréimhse ama sin .i. sa 14ú haois. Féach #g- ar dtús:

Rathgel AD 1300 [= *Rathkeale/* Ráth Caola, Luim] (CJR1295-1303:304)

Rathgol (CDI 1302-07:317)/ *Rathgol[e]* [TÁ] (CJR 1295-1303:58, 60, 136, 309)

Rathogol [= *Rathcool/* Ráth Cuala, TÁ] (*ibid*:153).

Is cosúil go bhfuil an cáilitheoir uraithe ar na foirmeacha thuasluaite, agus gurb í #C- a dtúslitir. Ar ndóigh, ina dteannta siúd faightear foirmeacha le túslireacha #C-/ #K- freisin, gan aon urú orthu, féach na samplaí a leanas:

Rathcas AD 1297 [PL] (CJR1295-1303:85)

Rathcoul AD 1297 [BÁC] (*ibid*:145)¹¹

Rathcoffy AD 1297 (*ibid*:197)

Rothchofthy(*sic*) AD 1297 [CD] (*ibid*:271)

Rathcone AD 1295 [Co] (*ibid*:33)

Rathcone AD 1297 [Luim] (*ibid*:160)

Rathconny AD 1300 [TÁ] (*ibid*:360)

Rathkenan AD 1299 [TÁ] (*ibid*:231).

¹⁰ Is faoin teideal *Ofelinech* a fhaightear *Rathcoyl*, agus tá *Offelaneth* mínithe ‘Uí Faelain in the North East of County Kildare’ in innéacs CDI. Mar sin, b’fhéidir go mbaineann an *Rathcoyl* sin le Contae Chill Dara, seachas le Contae Cheatharlach.

¹¹ Féach *Rathcool*, Mí, TÁ, Corcaigh go comhaimseartha.

Maidir le #F- i gcáilitheoirí RÁTH sa tréimse chéanna, níl claochlú ar bith le feiceáil orthu siúd, féach *Rathfardowyn/ Rathfordowen* [Co] atá le fáil san fhoinsé chéanna (*op cit:65*) agus *Rathfard, Rathfaret/ Rathfareth, Rathfay/ Rathfeigh* (CDI 1302-1307:405),

ná níl aon rian séimhithe le feiceáil ar #S-, féach:

Rathsalchan (?Rathsallagh) [CM] AD 1302-06 (*ibid:238*)

Rathselagh AD 1297 [CM] (CJR1295-1303:127)

Rathseillagugh AD 1297 [= *Rathsillagh* CD] (*ibid:81*)

Rathseli AD 1298 [= *Rathsillagh* CD nó *Rathsallagh* CM] (*ibid:207*),

ná ar #-, féach an t-aon sampla amháin a thángthas air:

Rathtyde AD 1299 [BÁC] (*ibid:253*).

Agus ansin, tá foirmeacha in CJR ag tús na 14ú haoise a dtosaíonn a gcáilitheoirí le *guta* nó le *h*, féach:

Rathelan [Co] (CJR1295-1303:335).

Rathhurwil [TÁ] AD 1300 (*ibid:348*).¹²

Mar sin, glactar leis anseo, nach dtosaíonn cáilitheoir *Rahill*, Dhamh Liag le *c-*, ná le *g-*, ná le *s-* ná le *f-*, ná le *-t*, toisc go bhfuil teacht ar na túslitreacha sin agus iad scríofa go soiléir i ndiaidh RÁTH ag tús na 14ú haoise, an tréimhse chéanna agus a frítheadh an fhoirm *Rathcoyle* don logainm *Rahill/ Ráth Choill* i gContae Cheatharlach.

Fágann sé sin go gcaithfear fiosrú ar cáilitheoir a thosaíonn le *guta* a bheadh mar bhunús cáilitheora *Rahill*, Dhamh Liag. Ar ndóigh, ní fios an bhfuiltear ag cuartú AINM DUINE nó GNÉ THÍREOLAÍOCH/ CRANN nó FÁSRA, nó EILIMINT EILE, mar cháilitheoir na heiliminte RÁTH i gcás *Rahill* Dhamh Liag, féach Caibidil 3, 2.2.¹³

¹² Maidir le *Raholp > Ráth cholpa*, tá ‘rath of the heifer’ ag Joyce (1913:535) agus leanann Flanagan & Flanagan é le ‘rath of the bullock’ (1994:134), cf. an fhianaise atá le fáil ar *logainm.ie* 2013 freisin.

¹³ Má dhéantar garmheastachán ar mhinicíocht cháilitheoirí éagsúla *Ráth*, sna 73 shampla ionadaíoch de RÁTH + EILIMINT EILE a thugann Flanagan & Flanagan, is iad an dá chéatadán is mó a fhaightear ná RÁTH + AINM DUINE 33% agus RÁTH + GNÉ THÍREOLAÍOCH/ CRANN/ FÁSRA 27%,

Nuair a chuardaítear fianaise logainmneacha a thosaíonn le guta i ndiaidh RÁTH/*Rah*- sna foinsí gallda, is ainmneacha daoine a bhíonn ina gcáilitheoirí, féach:

Rahoonn > *Raith Iugaine* (Joyce 1913: 535)¹⁴

Rahoran > *Odhrain* [TE, Ca] (Joyce c 1870:148)

Rahugh > *Ráth Aedha* [IM] (*ibid*:86)¹⁵.

Níor frítheadh ach logainm amháin a thosaíonn le RÁTH + #GUTA-, a bhfuil brí aiceanta aige - *Rathanny* > *Ráth-eanaiigh* (Joyce 1869:462). An bhféadfadh sé go bhfuil an dara ceann le fáil in *Rahill* Dhamh Liag agus gurb é *Rath haille* (>**Ráith Aille*) a bhunús, mar a shíl Ó Donnabháin sa 19ú haois?

Ar ndóigh, caithfear fiosrú an bhféadfadh sé nach Gaeilge atá i gcáilitheoir *Rahill* ar chor ar bith, ach go bhféadfadh sé gur Béarla ‘hill’ atá ann, agus go mb’fhéidir gurb é struchtúr an logainm ná RÁTH + HILL, agus díreofar air sin anois.

Is é CNOC + RÁTH ord na n-eilimintí i gcás *Knocrath*/ Cnoc Rátha, paróiste atá i mBaile na Corra/ *Ballincor* Chill Mhantáin. Is caolseans go mbeadh an eilimint CNOC aistrithe go ‘hill’ sa logainm *Rahill* i bhfianaise *Knocrath* - is deacair *Ráth Cnoic nó fiú *Ráth an Chnoic a shamhlú mar bhunleagan *Rahill*. Ar ndóigh, bheifí ag súil leis an alt i mbunstruchtúr Gaeilge logainm den tsórt sin faoin 16ú haois, ach níl rian dá laghad d’alt na Gaeilge le sonrú i *Rahill*. Chomh maith leis sin, coinníodh CNOC/ *knock* i logainmneacha eile na leathbharúntachta, féach *Knockisland* [44], *Knockharley* [70] agus *Knockcommon* [81]. Ar na fáthanna seo uile, ní dócha gur aistriúchán den eilimint Ghaeilge CNOC go Béarla HILL atá i gcáilitheoir *Rahill*.

Leanfar ar aghaidh mar sin ar an mbonn gur cáilitheoir Gaeilge is bunús leis an eilimint *-yll /-ill / -hill*. Tugtar chun cuimhne go raibh an struchtúr RÁTH + ainm pearsanta ar 31% de 137 logainm i gcúig chontae a bhí mar ábhar staidéir ag Toner (1998-2000:11) Mar sin, cuir i gcás gur RÁTH + AINM PEARSANTA is bunús le *Rahill*.

RÁTH (leis fhéin) nó RÁTH + MÉID AN RÁTHA 21 %, RÁTH + Charrach, ‘Rocky’/ Ghainmhe ‘sandy’/Garbh/, Bán, Mhaol 8%, RÁTH + TÓGÁIL nó ÁITRIBH (taobh istigh den ráth, is dócha), 5 %, RÁTH + EILE 5% (*figiúirí slánaithe* = 99.95%) (1994:132-5).

¹⁴ ‘cf. Hogan, Iugaine’s or Owey’s or Ooney’s fort’ (Joyce 1913:535)

¹⁵ Féach freisin *Raneese* > *Ráth-Anghuis* [TE] - gan *h* ag deireadh *Ráth* nó ag tús *Anghuis* (Joyce 1913:536) agus *Rathangan* > *Ráth Iomghain* - an *Ráth* coinnithe, ach *Iomghain* claochlaithe as a riocht (*ibid*:51).

Tá an rí-scéal ‘Argain Rátha Uillne’ le fáil in LL, agus níl an chéad siolla in ‘Uillne’ agus chéad siolla an cháilitheora in *Rahill* neamhchosúil lena chéile, féach *Ráith uillne* (Onom Goed 1910:578). Ní fios, ámh ar cailleadh an siolla neamhaiceanta (*-ne#*) de *uillne* a thabharfadh *Ráth hUill.

Tá an t-ainm pearsanta *Oilill/ Ailill* le fáil go minic sna hAnnála - tá cúpla *Ailill* luaite faoi na blianta 526 (ARÉ i:174) agus 796 (*ibid*:404) faoi seach, ar a bhféadfadh cáilitheoir *Rahill* a bheith bunaithe.¹⁶ (Bhí an eilimint RÁTH bisiúil idir *c* 500 agus 1000; is daoine le mórstádas a bíodh ina gcónaí i ráthanna (Toner 1998-2000:3, 6). Luaitear beirt mhac le Dunlaing .i. *Iollann* agus *Ailill* sa bhliain 489 - bhíodar beirt beo an t-am sin:

489 Aongus, mac Natfraoich, rí Mumhan do thuitim i ccaith
Chellornadh la Muirceartach Mac Earca, la hIollann mac
Dunlaing, la hAilill, mac Dunlaing ... (489 ARÉ i 152).¹⁷

Ba sa bhliain 524 (Ann Tig) nó sa bhliain 527 (AU) a cailleadh *Illaind*, féach:

527 mors Illaind mc. Dunlainge (527 §2, AU:66).¹⁸

Ba sa bhliain 526 a cailleadh *Oilealla*:

526 Oilill mac Dunlaing, ri Laighean, do écc (526 ARÉ i:174).
[527] Ailill mac Dunlaing rexit Laigniu (K.uui. Ann Tig i:130)

Fuair mac le hOilill bás sa bhliain 535:

535 Corbmac mac Oililla, ri Laighean décc (535 ARÉ i:178)¹⁹

Is dócha gurb é an mac céanna atá i gceist le h*Oilill* (526 ARÉ *passim*) agus le h*Ailill* (527 Ann Tig *passim*). Más mac rí a bhí ann, bheadh a dhóthain stádaís aige le go mbeadh Ráth mar áitreabh aige. Má ghlactar leis gur cailleadh an *-a#* den seanghinideach *Aililla*, d’fhéadfadh sé gurb é *Ailill* [nó *Oilill*] an cáilitheoir atá ceilte sa

¹⁶ Féach freisin ‘Ailill mac bodhbhadha Midhe, décc’ faoin mbliain 721 (ARÉ i:320). Féach freisin gur maraíodh ‘Ailill m. Fergusa, rex deisceirt Bregh’ nuair a thit sé dá chapall sa bhliain 799 [= 800] §4, AU:255). Tá teacht ar thuairisc ar an eachtra chéanna in ARÉ faoin mbliain 795 (795 ARÉ i:404).

¹⁷ Ní foláir gur Ailill eile a bhí i gceist leis an *Ailill mac Dúnlaing, rí Laighean, do mharbhadh la Nortmannibh* 364 bliain ina dhiaidh sin, sa bhliain 869 (869 ARÉ i:514).

¹⁸ Tagraítear do chorp Iollainn i gcomhthéacs *Cath Finnabrach* sa bliain 535 (féach *Fennor* [57] (535 AI:68).

¹⁹ Aistríodh an t-ainm go h*Ailill* (*op cit*:179).

logainm *Rahill*. Cuir i gcás gur cailleadh ceann de shiollaí [an próiseas *haplology*]²⁰ *Ailill* nó *Oilill* am éigin sula bhfaightear an chéad tagairt ghalldaithe do *Rahill* sa 16ú haois, d'fhéadfadh sé gur fhorbair an logainm ar an gcaoi seo:

*RÁTH + *Oileall + gin + cáilliúint an tsiolla deireanach > *Ráthoil[I] > *Rahill*
nó

* RÁTH + *Ailill* + cáilliúint siolla > *Ráthail[I] > *Rahill*

Is ar an dara siolla a chuireann Dessie Lynch an bhéim agus é ag rá 'Rahill' .i. /ra'hiL/ (24). (Tá sé ina chónaí i n*Drumman*, tuairim is leathmhíle ó thuaidh de *Rahill*.) Is cosúil gur teascadh siolla den ainm *Ailill/Oilill* ag pointe éigin san am atá thart agus gur léiríodh sin i bhoirm scríofa comhaimseartha an logainm mar *-ill*.

Mar achoimre, ní dócha go bhfuil an bunús céanna ag *Rahill*, Dhamh Liag agus atá ag an mbaile fearainn *Rahill*/* Ráth Choill, barúntacht *Ráth Bhile*, Contae Cheatharlach (neamhdheimhnithe *logainm.ie* 2013). De réir na fianaise mar atá sí pléite thuas, ní dócha gur logainm meascaithe den eilimint Ghaeilge RÁTH agus den eilimint Bhéarla HILL atá sa logainm *Rahill*. Tá sé níos dóchúla gur *Ráth hOilill nó *Ráth hAilill (forás níos deireanaí ná *Ráith hOillealla/ *Ráith hAililla) is bunús le *Rahill*, paróiste Dhamh Liag agus gur teascadh siolla den ainm *Ailill/Oilill* le teacht ar fhoirm an cháilitheora *-ill* mar a fhaightear i litriú Béarla an logainm é .i. *Rahill*.

²⁰ Cailltear siolla i gcomharsanacht shiolla chosúil sa phróiseas a dtugtar *haplology* air, féach Ó Mainnín (1993:35).

[52] REASK²¹*An Riasc (ainm neamhdheimhnithe, *logainm.ie*, rogha an taighdeora 2014)

1)	1381	le Reescus [iuxta Carblagh]	Cairt 98 ICL:292
2)	1635	?Reskes [& Suewkston] ²²	Car I 115 Inq Lag [Laidin]
3)	1654-56	Reiske Reaske	CS 15, 20, 21, 49, 57
4)	1655-9	Reaske	Is BN, Goblet:340
5)	1654-57	Reaske 1 Reaske 25	DS:AL Duleeke & Abby Parrishes by Thomas Clarke. An Exact copy by Dan ¹ O Brien Surv ^r
6)	1659	Resk	Census:479
7)	1663	?[Sneg and] Reaske ²³	Car II 4 <i>ibid</i> [Béarla]
8)	c1668	Reask 3 Reaske	BSD Index <i>ibid</i> 3, 1666, 1667 sa téacs
9)	1672	Reaske	Is HD Goblet:340
10)	1700	The Resk	Forfeited Estates 1700:90
11)	1812	Reask	Co Map:AL TS/TT <i>logainm.ie</i>
12)	c1830	Reask	BS:AL 183 TT <i>logainm.ie</i>
13)	1830-40	Reask	TCB:AL TT <i>logainm.ie</i>
14)		Reask	GJ Rates (Old Docket):AL
15)	1830-40	Reask	JOD:AL TT <i>logainm.ie</i>
16)	1838	Reisc	pl:AL TT <i>logainm.ie</i>
17)	1838	Réisc ²⁴ ‘a marsh or fen’	OD:AL TS <i>logainm.ie</i>
18)	10/3/1962	An Riasc Riasc	‘Fiachra’ TS <i>logainm.ie</i> Moladh: An Riasc
19)	2014	ri:fk	fogarscríobh Joe Crosby

Is i bparóiste Damh Liag, i mbarúntacht Dhamh Liag Íochtarach atá an baile fearainn *Reask*. Is í *Le Reescus* (1) an fhoirm is luaithe a bailíodh don staidéar seo a breacadh i gcáipéis Laidine sa 14ú haois, a bhfuil alt na Fraincise, infhilleadh na Laidine agus

²¹ Níl aon tagairt do *Reask* le fáil in SRPI Ed IV. Níl *Reask* luaite ag Archdall (Mon Hib 1786).

²² Féach *Sneeoge* [55], áit a phléifear an tagairt seo in éineacht le tagairtí (1) agus (6) a bailíodh as cáipéisí Laidine.

²³ Pléifear an tagairt seo sa chaibidil *Sneeoge* [55] freisin.

²⁴ Is cosúil gur ginideach atá san fhoirm ‘réisc’. Féach *ríasc*, gs. *riasca* agus *réisc* (DIL:61).

buneilimint na Gaeilge le sonrú inti. Frítheadh an fhoirm *Reskes* (2), a bhfuil cuma iolra an Bhéarla uirthi, i gcáipéis Laidine freisin, tar éis bearna ama os cionn 250 bliain. Frítheadh an fhoirm *Reask[e]* (3), (4), (5), (7), (8), (9), (11) - (15) a sheasann go dtí an lá inniu - sna cáipéisí Béarla ón 17ú haois i leith, chomh maith leis na leaganacha le malairt litrithe *Reiske* (3) agus *Resk* (6). Baineadh leas as an alt Béarla sa leagan *The Resk* (10) a scríobhadh san 18ú haois, ach an oiread leis an alt Fraincise, ar baineadh leas as san fhoirm *Le Reescus* (1) a luadh cheana.

Tugann tagairt (1) ina hiomláine .i. *le Reescus iuxta Carblagh* - leide dúinn go mb'fhéidir go raibh an baile fearainn *Gaskinstown* mar chuid de *Le Reescus* sa 14ú haois déag, mar suitear *Gaskinstown* idir *Reask* agus *Carblagh* (*Carballagh/Garballagh* [39]) ar léarscáil de chuid an DS, a dearadh beagnach 160 bliain i ndiaidh na tagartha do *le Reescus iuxta Carblagh* (1), agus níl fáil ar an logainm *Gaskinstown* go dtí an 16ú haois - sa bhliain 1540, cf. *Gaskinstown* [40].

Tá an fhoirm Ghaeilge *Reisc* (16) taifeadta i bpeann luaidhe san ainmleabhar, agus chuir Ó Donnabháin an fhoirm *Réisc* (17) chun cinn sa 19ú haois. Mhol 'Fiachra' na SO *An Riasc* (17) sa bhliain 1962 – foirm a bhfuil an struchtúr ALT + tuiseal ainmneach de *riasc* le feiceáil inti - agus é ag tabhairt an ailt ar ais sa logainm, mar a bhíodh le fáil i bhfoirm Fhraincise sa 14ú haois agus i bhfoirm Bhéarla na 18ú haoise.

Ciallaíonn *riasc* 'marsh, bogland, moor' go comhaimseartha, agus de réir *Sanas Cormaic* (go hearráideach) is ionann *riasc* agus *ro-uisce* nó *re uisci* nó *esc riam* (1868:147), ach

Is léir as an *-sc* leathan nach as cumasc *róe* agus *uisce* a tháinig an focal *riasc* (Ó Concheanainn 1966-67:17)

agus is iad na focail *róe* (*ré, rae*) 'a level piece of ground' + *esc* 'bogach' nó 'sraith ghlugair' atá mar bhunús an fhocail. Luann Ó Concheanainn an ghluais:

esc .i. féith usci cehraig²⁵ (Stokes 1862:255, 433)

mar mhíniú ar an bhfocail *esc*.

Is idir dromainn *Sneeoge* agus an Ainí atá *An Riasc/ *Reaske* suite agus sreabhann fo-aibhneacha de chuid na hAiní/ *The Nanny Water* tríd. Chuirfeadh (agus cuireann fós) An Ainí go leor fuarlach ar a tuilemhá ó am go chéile, in ainneoin na n-iarrachtaí a

²⁵ 1. ceachrach (ainmfhocal fir) 'slough, quagmire' 2. ceachrach (aidiacht) 'muddy. miry' (FGB).

dhéanann na húdaráis chun í a cheansú (Downey [gan dáta] c2000:10-13).²⁶ Mar sin, cuireann *An Riasc/ *Reask* síos go seoigh ar ghné aiceanta an cheantair ina bhfuil sé suite.

Is san uatha a fhaightear foirmeacha Galldaithe an logainm *Riasg/ Reask* de ghnáth (Joyce 1869:463-464),²⁷ cé go bhfuil sé le fáil san iolra freisin, féach *Na Riascacha* i bparóiste Thíne, i gContae na Gaillimhe (*logainm.ie*).²⁸ Bíonn díorthaithe den logainm le fáil agus claontuiseal na hiarmhíre -ACH nasctha leo - is é leirmhíniú Joyce ar na díorthaithe seo gur ‘adjectival forms’ atá iontu, agus deir sé go bhfuil thart ar leathchéad díobh sna cheithre Chúige (1869:463-464, féach freisin *logainm.ie* 2014). Tá 11 bhaile fearainn a bhfuil *Reask* orthu cláraithe ar *logainm.ie* (2012).²⁹ Tá trí cinn díobh sin le fáil i gContae na Mí. Is iad sin *Reask* Dhamh Liag, sa bharúntacht Dhamh Liag Íochtarach (a pléadh thuas), *Reask* i bparóiste Chill Bhrú/ *Kilbrew*³⁰ agus *Reask* i bparóiste Imleach Bheagáin/ *Emlagh* i mbarúntacht Cheanannas Íochtarach/ *Kells Lower*.³¹ Seachas An Riasc, paróiste Bhéacán i Maigh Eo, agus An Riasc, paróiste Chluain Fearta i nGaillimh a bhfuil fianaise ón 17ú haois cláraithe dóibh ar *logainm.ie*, is ón 19ú atá an fhianaise stairiúil le fáil ar bhunáite na *Reask* eile atá ar *logainm.ie* 2012. Mar sin is ar *le Reescus iuxta Carblagh* (1) a fhaightear an fhianaise stairiúil is sine a aimsíodh d’áit a bhfuil RIASC sa logainm aige (AD 1381) go bhfios dom.

²⁶ Doimhníodh an abhainn, ardaíodh coraí uirthi agus rinneadh lintéireacht uirthi ag deireadh na 19ú haoise. Glanadh í agus tógadh mótaí cré agus ballaí stroighne ar a bruacha sna 1990í ‘however the raising of the Ashbourne road and the constricting of the river has caused flooding in areas upstream previously unaffected...’ (*op cit*:13).

²⁷ Féach *Riesk, Reisk, Risk* agus *Reask, Roosk, Rusk*. Is iad *Riasg/ Riasc/ Rusg* na foirmeacha Gaeilge a thugann Joyce (*op cit*). Féach freisin *Roosky, Rooska, Rousky* (*logainm.ie* 2014).

²⁸ Tá teacht ar *Reask* nasctha le heilimintí eile, féach *Kilreisk* (BÁC, gar do *Fionnghlas*) agus *Tulachruisc* (Aontroim). Luann Joyce *Ballyroosky* i nDún na nGall, sampla atá nasctha leis an eilimint *baile* (*op. cit.*), agus luann Price *Bally reask* i gCill Mhantáin (1949:160). Ní luann Joyce *Balreask*. Tá teacht ar fhoirmeacha stairiúla den logainm sin; féach *Balyresk* (BÁC) 1306 (CJI 1305-07:498), 1302-6 AD: *Novan ... chapel de Baliresk* (CDI 1302-7:256) (Mí), *Balreask* in p *Balsoon* (paróiste *Baile Easúin*, barúntacht *Déise Íochtarach*) Meath (CSL1540-1:297), AD 1614 *Balreske, Balsoon, Deece Lower* (Jac I 18 Inq Lag), AD 1540-1 *Balreske Meath (Navan Lr)* (IMP 1540-1:252), AD 1608-12 *Ballreske juxta le Novan* (Car I 8, Inq Lag), AD 1624 *Balrieske (?Ratouthé)* (Jac I:69, *ibid*).

²⁹ Deir Joyce gurb í an eilimint *riasc* is bunús leis an dá oiread de bhailte fearainn (22 díobh) ar fud na tíre, a bhfuil *Riesk, Reisk, Risk* agus *Reask, Roosk, Rusk* orthu (1869:463).

³⁰ Sílim go mbaineann an luath-thagairt *Reaske* (CDI 1253-1284, 2108: 487-8) leis an bparóiste *Cill Bhrú/ Kilbrew*.

³¹ *Reask/ Rousk, Emlagh* (Mí) (CSL 1540-1: 435, an t-innéacs).

[53] REDMOUNTAIN³²*An Mullach Rua (DGE 12/11/2002 *logainm.ie*, rogha an taighdeora 2014)

1)	1627	Redmountaine	Car I 30
		Redmountain	Inq C I:AL TT <i>logainm.ie</i>
2)	1654 - 56	Redmountayne	CS 15, 18, 24, 49.
		Redmountaine	23 (x 2).
3)	1657	Redmountain	DS Innéacs The Barony of Duleeke
		Red Mountain 14	DS Duleeke & Abby Parrishes by Thomas Clarke. An Exact copy by Dan ¹ O'Brien Surv ^{r33}
		Redmountaine	Faoi innéacs: Duleeke and Abby Parrishes
4)	c1668	Red Mountaine 2	BSD Index
		Red Mountaine	<i>ibid</i> 2, 1663 sa téacs
5)	1812	Red Mountain	Co Map:AL TT <i>logainm.ie</i>
6)	1812	Red Mountain	Larkin
7)	c1830	Red-Mountain	BS:AL TT <i>logainm.ie</i>
8)	1830 - 40	Redmountain	TCB:AL TT <i>logainm.ie</i>
9)	1830 - 40	Red Mountain	JOD:AL TT <i>logainm.ie</i>
10)	1838	Mullach ruadh	pl (scriosta):AL TT <i>logainm.ie</i>
11)		Red Mountain	GJ Rates (Old Docket):AL TT <i>logainm.ie</i>
12)	2010	ðə 'rɛd 'məunt, ən	fogharscríobh, Paddy Lenihan
	2010	['The R... ']	Jim Curley
	2014	,rɛd 'məunt, ən	Joe Crosby

Is i bparóiste Dhamh Liag, Damh Liag Íochtarach atá an baile fearainn *Redmountain/An Mullach Rua*. Níl teacht ar an logainm *Redmountain* go dtí an 17ú haois, agus níor tháinig aon athrú air ó shin. Is cosúil gur ainmnithe i ndiaidh cnoic atá 100 méadar ar airde (SO 43 2005) atá an baile fearainn seo. *Mullach ruadh* (10) an leagan Gaeilge a tugadh air sa bhliain 1838, agus is mar *An Mullach Rua* atá sé le fáil ar *logainm.ie* (2013). Mar sin, breathnófar ar eilimintí an logainm *Mullach Rua*.

³² Níl an logainm *Redmountain* le fáil in aon cheann de na foinsí CDI ná CJI, ná IFTS. Níl aon logainm cosúil le **Mol-/Mulaghroe* ná le **Slieveroe* le fáil in CDI ná in CJI.

³³ Féach: 'Redmountaine Furzy Past 84.2.12'. 'Past.' = 'Pasture'.

De réir DIL, ciallaíonn *mullach* ‘the topmost part, top, crown’, agus aistríonn na dinnsheanchasóirí nua-aimseartha go Béarla mar ‘summit’ é, cf. Flanagan & Flanagan (1994:124), Joyce (1869:391-2), O’Conor (2001:116-17), agus féach *Mullaghfin* [47] atá sa pharóiste seo freisin. Ciallaíonn an aidiacht *rúad* ‘red, of a brownish or dark red’ (DIL).

Cáilíonn RUA eilimintí éagsúla i logainmneacha na tíre (Joyce *c* 1870:278-9) agus tá ceithre bhaile fearainn, agus cnoc, a bhfuil *Mullach Rua* orthu le fáil sna contaetha a leanas: Maigh Eo, Sligeach, Corcaigh, Lú agus Contae na Mí (*logainm.ie*). Is baile fearainn i bparóiste Bhaile an Ghearlánaigh/ *Gernonstown* i mbarúntacht Bhaile Shláine trasna na Bóinne atá i gceist leis an *Mullaghroe* atá i gContae na Mí, agus is cnoc nó cnoic atá i gceist leis an logainm *Mullaghroe* i gContae Lú (*logainm.ie*). Is léir nach bhfuil san fhoirm Ghalldaithe *Mullaghroe* ach foghar aistriú a bhfuil an dá eilimint Ghaeilge MULLACH RUA, le sonrú go héasca inti.

Níl aon chosúlacht air go raibh stair fhada taifeadta ag na logainmneacha thuasluaite – is é AD 1627 dáta na chéad tagartha do *Redmountain* na Mí, féach (1) thuas,³⁴ agus is san Ainmleabhar a bhfuil taifead ar *Mullaghroe* i bparóiste *Bhaile an Ghearlánaigh/ Gernonstown* i mbarúntacht Bhaile Shláine Uachtarach, cúpla céad bliain níos deireanaí ná mar atá chéad taifead ar *Redmountain*.

Tá cúig *Slieveroe* (ón nGaeilge Sliabh ruadh/ Sliabh rua) le fáil i gCúige Laighean, féach Sliabh ruadh ‘Three Rock Mountain’ i mBÁC (Onom Goed:611),³⁵ Slíab ruadh/ *Slieveroe* atá gar do Bhaile Coimín/ *Blessington* i gCill Mhantáin (*ibid*),³⁶ An Sliabh Rua atá i bparóiste Chill Chomáin/ *Kilcommon*, barúntacht an Inbhir Mhóir/ *Arklow* [CM] chomh maith leis an Sliabh Rua eile atá i gCill Mhantáin i bparóiste An Mhaighin/ *Moyne*, Baile na Corra Theas/ *Balincor South*, agus An Sliabh Rua atá i bparóiste Thobar Chaoimhín/ *Tipperkevin*, barúntacht Nás Theas i gContae Chill Dara.

Cé gurb í an eilimint MULLACH céad-eilimint an logainm *Mullach Fionn/ *Mullach Finn/ *Mullaghfin* i bparóiste Dhamh Liag - an paróiste céanna ina bhfuil

³⁴ Níl aon fhianaise le fáil ar *Mullaghroe/ An Mullach Rua* [Co], ná ar *Mullaghroe/ An Mullach Rua* [Lú] ar *logainm.ie* 2014. Is é AD 1777 an dáta is luaithe a bhfuil fianaise ar fáil do *Mullaghroe/ An Mullach Rua* [ME] (Clárlann Gníomhas). Is ón 19ú haois a fhaightear an fhianaise is luaithe ar *Mullaghroe/ An Mullach Rua* [SI].

³⁵ Deir Ó Donnabháin: ‘Sliabh ruadh, i.e. the reddish mountain. This name is still applied to the *Three-rock mountain*, near Dublin, by those who speak Irish in Meath, and by the Connaughtmen, though the name is forgotten in the county of Dublin’ (ARÉ v:1420 fonóta m). Is é Binn Trí Charraig an leagan Gaeilge atá ar *Three Rock Mountain* anois de réir *logainm.ie* 2014. Tá Sliabh ruadh/ Binn Trí Charraig 444 méadar ar airde.

³⁶ Féach *Clann Domhnaill ant Sleibhe ruaidh* (Ann Loch Cé ii 1570:408). Féach freisin ARÉ 1570 agus Hogan (Onom Goed:611).

Redmountain le fáil - is fiú smaoineamh ar chleachtas úsáid na dtéarmaí ‘cnoc’, ‘cruach’, ‘binn’, ‘sliabh’, ‘barr’ agus ‘mullach’ i measc na ndaoine agus comparáid a dhéanamh eatarthu, ní nach bhfiosrófar go domhain anseo. Baintear leas as an leagan cainte ‘barr an chnoic’ nuair atáthar ag siúl go barr na Binne Buí, an pointe is airde ar chnoc atá in Aill na Brún, in Iorras Aithneach, Conamara. Ar ndóigh tá na Beanna Beola i bhfad níos airde ná an Bhinn Bhuí. Ní mé an bhfreagraíonn ‘barr’ i gConamara do ‘mullach’ i gContae na Mí agus an bhfreagraíonn ‘binn’ i gConamara do ‘sliabh’ i gCúige Laighean?

Tá *Mullaghfin* 84 méadar ar airde agus tá *Redmountain* 100 méadar ar airde (SO 43, 2005).

[54] ROUGHGRANGE

*An Ghráinseach Gharbh (ainm neamhdheimhniú, *logainm.ie*)

*An Garbhach nó *An Scarbhach (roghanna an taighdeora 2014)

1)	1381	le Garuaghmede	Duuellek: Pratum: ICL:291
2)	1470	en le Graunge iuxt le leag	SRPI i:682
3)	1529	Roghgraun	H VIII 48/90 CI 1991:27
4)	1553-4	Roghegraunge [san innéacs] Grange [sa téacs]	IFTS i (P & M):296 F20
5)	1558	Graunge <i>alias</i> Roghegraunge	<i>ibid</i> :323 F252
6)	1559	Grange <i>alias</i> Rughegrange	IFTS ii (Eliz):17 F163 (TS <i>logainm.ie</i> 2010)
7)	1574	the Grange ³⁷ [Colpe <i>alias</i> the Graunge of Colpe] Graunge Graunge <i>alias</i> Rough Graunge the Graunge	Eliz 67/47 CI 1991:212 <i>ibid</i> :213 <i>ibid</i> <i>ibid</i> <i>ibid</i>
8)	1575 ³⁸	Roughgrange	Jl 58 (3) CI 1991:358
9)	1587 1558	grange X 2 Grandge (<i>sic</i>) ³⁹	Eliz 173/111, <i>ibid</i> :264, 265 <i>ibid</i> :265
10)	1608	Roughgrange	Jl 58 (3) <i>ibid</i> :358
11)	1640	Grange al' Rough Grange	Car I 151 Inq Lag
12)	1655 - 59	Roughgrange	Is BN Goblet:345
13)	1654 - 56	Roghgrange	CS:23

³⁷ Tá *the Grange* le fáil i gcomhthéacs 'the monastery of the B.V.M. Dewlek, with all its lands etc. in *Dewlek, the Grange, Corbally, Ridder...*' a bhí i sealbhaíocht Henry Draycott ar £60 sa bhliain go dtí gur cailleadh in 1574 é. Is dócha gurb é *Roughgrange* atá i gceist leis. Tá *Colpe alias the Graunge of Colpe* luaite sa cháipéis freisin. Luaitear *Graunge* sa cháipéis seo freisin i gcomhthéacs liosta bhailte fearainn *Dewleke* mar a leanas: 'lands in *Dewleke, Graunge, Calliagton...*'. agus luaitear 'all the tithes & spiritual profits in the *Graunge, Corbally, Logher...*' (*op cit*).

³⁸ = Fonóta i gcáipéis a scríobhadh sa bhliain 1608 (*op cit*).

³⁹ Seo píosa den téacs: '... fishing on the Boyne at *Grange* ... (*op cit*: 264) ... to ... Draycott ... the late monastery of St Mary, *Dewleake*, with all its lands, tithes, advowsons etc. in *Dewleek, Grandge, Corbally, Ridder ...*' (*ibid*:265) '... 2 fields called the *Meade park & the Myll park in Grange, a watermill ...*' (*ibid*).

		Roughgrange [Abbey Parish]	24 (x 3)
		Rough Grange	49
14)	1657	Roughgraing 3	DS Innéacs
		Roughgrange	DS Duleeke & Abby Parrishes by Thomas Clarke. An Exact copy by Dan ^l O Brien Surv ^r
15)	1659	Rough Grang [Parrish Abby]	Census:480 ⁴⁰
16)	c1668	Grange 9	BSD Index
		Rough Grange 4	<i>ibid</i>
		Roughgrange	<i>ibid</i> 4, 1663 sa téacs
17)	1672	Roughgrange	Is HD Goblet:345
18)	1786	Grange alias Rughgrange	Archdall Mon Hib (White):537
19)	1812	Roughgrange	Co Map:AL TS/ TT <i>logainm.ie</i> 2010
		Rough Grange x 2	Larkin
20)		Roughgrange	Quit Rents (Old Copy) TS/ TT <i>logainm.ie</i> 2010
21)	idir 1803 & 1898	Roughgrange ?Boughgrange	GJM TS <i>logainm.ie</i> 2010 GJ Rates (Old Docket):AL TT <i>logainm.ie</i>
22)		Roughgrange	Custom in Par.:AL TS/ TT <i>logainm.ie</i>
23)	c1830	Rough-grange	BS:AL TS/TT <i>logainm.ie</i> 2010
24)	1830-40	Rough Grange	JOD:ALTT <i>logainm.ie</i> 2010
25)	1835/6 revised 1899	Roughgrange	Is SO
26)	1838	gráinsigh/ Gráinsigh	pl TS/ TT <i>logainm.ie</i> 2010
27)	2000	An Ghráinseach Gharbh	TS <i>logainm.ie</i> 2010
28)	2010	'ruf 'gr e:indʒ	fogharscríobh, Paddy Lenihan

Is i bparóiste Dhamh Liag, barúntacht Dhamh Liag Íochtarach atá an baile fearainn *Roughgrange*. Is logainm é a bhfuil samplaí na haon-eiliminte GRANGE le feiceáil sna leaganacha [*le*] *Graunge* (2), (5), [*the*] *Grange* (4), (6), (7), (9), (16), (18), [*the*] *Graunge* (7), *Grandge* (9), chomh maith le samplaí a bhfuil an dá eilimint ROUGH agus GRANGE iontu. Is iad *Rogh-* (3), (13), *Roghe-* (4), (5), *Rughe-* (6), *Rugh-* (18), *Rough-* (7), (8), (10)-(17), (19)-(25) foirmeacha na haidiachta ROUGH, agus *-graunge*

⁴⁰ Féach freisin *grange*, paróiste *Clonalvy* (*ibid*:481). Níl an logainm *grange* le fáil i gCoulpe [= *Colp*] (*ibid*:481-82), ná in aon áit eile sa *Duleek Barony* (*ibid*:479 - 483).

(4), (5), (7), *graun* (3), *-grandge* (9) *-grange/ Grange* (6) - (14), (16) - (25), *-graing* (14) *-grang* (15) foirmeacha GRANGE. Is samplaí a bhfuil *alias* iontu cuid de na foirmeacha a bailíodh, féach *Graunge alias Roghegraunge* (5), *Graunge alias Rough Graunge* (7), *Grange alias Rughegrange* (6), *Grange al' Rough Grange* (11), *Grange alias Rughgrange* (18). Tá an leagan earráideach *Boughgrange* (21) le fáil freisin, de bharr sciorradh pinn nó botun cló, ní foláir. Pléifear an fhoirm *le Garuaghmede* (1) ar ball, i gcomhthéacs na ngráinsí a bhí ag canónaigh Agaistíneacha *Llanthony* sa 14ú haois.

Sílim gur tugadh *le Graunge iuxt le leag*⁴¹ (2) ar an áit sa bhliain 1470, i gcáipéis a phléann sealbhaíocht na bhfoirgneamh, na talún agus na dtionóntán san áit. Tá *Roughgrange* ar an mbruach theas den Bhóinn agus tá trácht spéisiúil ar shealbhaíocht cora a thóg na manaigh ar an mBóinn sa cháipéis seo, féach:

Abbe del Meason de la benoit Virgine Marie de dyveleke t
le Coue[nt] del mesme ... touts les mes tres t tentes⁴² en le
Graunge iuxt le leag ... vne Gorge ... en le ewe de Boyng
de prendre salmons t aults pissheons appelle le Gorge de
le Graunge ... (2).

Ba iad na manaigh a bhíodh ag coinneáil agus ag deisiú na cora, agus bhíodh clasán de 24 through ar leithead fágtha acu i lár na Bóinne, ar ar tugadh *le Kingesshard* nó *la Watsharde* (= ‘watershard’). Reachtaíodh sa pharlaimint go mbeadh sochar na cora ag na manaigh agus go bhfágfaidís iasc an *kyngesshard ou Watirshard* (a bheadh gar do bhruach na habhann uaidh sin amach) ag an rí, ag a oidhrí agus ag a chomharbaithe.

Breathnófar ar stair an téarma ‘grange’ in Éirinn anois ina bhfuil an logainm *Roughgrange* fréamaithe. Is téarma aicmeach é *Grange* san Fhraincis, agus ‘áit le haghaidh gránach a stóráil’ a bhíodh i gceist leis. Ba leis na mainistreacha gráinseacha na hÉireann, agus ba iad na Normannaigh a bhronn talamh ar mhanaigh na nOrd rialta.

Is i ndiaidh bronnta Chontae na Mí ar Hugo de Lacy sa bhliain 1172 ag Anraí II (ar sheirbhís 50 ridire) a thug Hugo de Lacy tailte do chanónaigh Agaistíneacha *Llanthony*. Rinne sé é sin, fiú sular bhronn sé talamh ar a chuid ridirí féin, mar is léir ó chairt c1230-34 de chuid *Walter de Lacy*, mac le Hugo. Aistríonn Arlene Hogan an chairt mar a leanas:

⁴¹ = Anglo-Saxon *leage* (gen) *leáh, leá*, féach LEY, LEY, LAY *Lay* ‘a meadow’ (Skeat 1879-82 (1963):332)

⁴² = messuages, terres et tenementes

Hugo de Lacy my father had assigned to the said [Agustinian] canons.... with the assent of ... archbishops and bishops of Ireland and with the consent of their chapters, before he enfeoffed his free men in Ireland, lands which he had conquered in Ireland (2008:49).⁴³

Ba tailte i gColp agus in *Duleek* a bhronn Hugo de Lacy ar chanóin Agaistíneacha *Llanthony Prima* agus *Llanthony Secunda*, a raibh a máthair-thithe sa Bhreatain Bheag agus i n*Glouster*. Ba chuid de phróiseas an choilínithe an gníomh seo, agus bhronn sé na tailte orthu chomh luath le 1174:

By placing in Ireland trusted men of the church ... Hugh de Lacy I, having been granted the whole of Meath in 1172, was establishing a necessary component in the domination of a newly acquired territory... Settlers could now come who would consolidate the process of the conquest... The early records of those grants in the form of charters in the *Llanthony* cartularies from c 1174, demonstrate that the settlement of the *Llanthony* cells in Ireland at *Colpe* and *Duleek* was coterminous with the settlement of Meath (Arlene Hogan 2008:20-1).

Lean ridirí Hugo de Lacy a shampla, agus bhronnadar siúd tailte ar na canónaigh Agaistíneacha as a gcuid feod féin.

... the early grants of land to the *Llanthony* canons in Ireland correspond directly with the lands granted by Hugh de Lacy I to his knights and followers (51).

Cé gur fhreastail na canónaigh ar go leor tithe pobail i gContae na Mí, is ar mhaithe leis na máthair-thithe *Llanthony* go príomha a bunaíodh na cealla Agaistíneacha, i nDamh Liag agus i gColptha, le go ndéanfaidís gráinseach den talamh maguaird:

... *Llanthony* was never a powerful monastic foundation in this part of Ireland, but was simply established as two farming granges for the purpose of supporting mother houses in *Wales* and *England* (2008:46).

Mar sin féin níor baineadh leas as *Grange* mar logainm i bparóiste Dhamh Liag (ná i bparóiste Cholptha/ *Colp*) sa 12ú haois, an t-am a bunaíodh gráinseacha *Llanthony* i

⁴³ Aistriúchán ar chairt LXVIII de chuid ICL (83-4).

nDamh Liag Íochtarach. Ní fhaightear *Grange* (2) go dtí AD 1470, beagnach 300 bliain i ndiaidh theacht na Normannach agus bhunú na mainistreacha Agaistíneacha, ná níorbh ann don logainm *Roughgrange* go ceann tuairim is 350 bliain i ndiaidh a dteachta.

le Garuaghmede (1)

Tá roinnt logainmneacha luaite i gcáipéis 98 ICL (a bhfuil an dáta AD 1381 uirthi) nach léir a suíomh, agus luaitear ceann amháin - *le Garuaghmede* (1) ina measc, i gcomhthéacs *Dyuellek*, faoin bhfotheideal *Pratum* ‘móinéar’.⁴⁴ An bhféadfadh sé gur *Garuagh + mede*, meascán de Ghaeilge agus de Mheán-Bhéarla atá sa logainm seo agus gur foirm stairiúil ón 14ú haois de *Roughgrange* atá ann?⁴⁵ Is cosúil le focal Gaeilge é *Garuagh* a d’fhéadfadh *-u-* a bheith scríofa ann in áit *-v-* nó *-bh-* na Gaeilge, agus más ea, tá bealaí éagsúla lena shainmhíniú, mar atá thíos:

- (i) garbe (garb) ia f. ‘roughness’ (DIL:45)⁴⁶ + ACH [iarmhír logainmníochta] + *mede*
(= ME *mead/ meadow*⁴⁷ ‘a grass field, pasture ground’ (Skeat [1879-82] 1963:368)
→ *Garbhach + *mede*, ‘áit gharbh a bhfuil móinéar ann’.

Tá an focal **scarbhach** ‘a rough place’ ag Dinneen (1927) freisin.

Is dócha gur s-tánaisteach atá ag tús an fhocail **scarbhach**. Más ea, is é **garbhach** an bhunfhoirm. Níl mórán chosúlacht gur áit gharbh atá in *Roughgrange* anois, ámh.

- (ii) Tá focal eile ann freisin - **scarbhach** ‘abounding in fords or shallows’
(Dinneen 1927:959).

D’fhéadfadh sé gur ón logainm *Scarbhach + *mede* a díorthaíodh *le Garaughmede* mar sníonn dhá fho-abhainn de chuid na Bóinne trí *Roughgrange* ar a mbealach go dtí an Bhóinn, agus d’fhéadfadh sé go raibh áth nó átha orthu siúd fadó.⁴⁸ Tá ciumhsóg de ‘bog or uncultivated land’⁴⁹ marcáilte ar dhá bhruach na leathabhann ar léarscáil a tarraingíodh sa 19ú haois, agus tá áth marcáilte ar an mBóinn atá mar teorainn idir

⁴⁴ Dírítear aird ar an bhfoirm *Grandge* (9), áit a bhfuil an ‘meade park’ luaite mar chuid den áit sa bhliain 1587, beagán le cois 100 bliain i ndiaidh taifead na foirme *Garuaghmede*. Féach freisin gur tugadh *Ballymede* ar chuid de thailte gráinsí Dhamh Liag sa bhliain 1540-1: ‘Lands belonging to the Grange of Dueleke II li 3s 6d’ (IMP:314).

⁴⁵ Féach an liosta de logainmneacha measctha, Caibidil 4.3.

⁴⁶ Féach freisin **Gairbhe** - ‘roughness, coarseness’ (Gairbhe sléibhe) (FGB:603).

⁴⁷ ‘The form *meadow* is due to the inflected form, dat. *maed-we* of the same word; the change from final *-we* to later *-ow* is the usual one’ (*passim*). Féach freisin *Shallon* [78].

⁴⁸ Is i bparóiste *Knockcommon* agus i Luachair/ *Lougher* [46] atá foinsí na bhfo-aibhneacha sin - Is i Luachair/ *Lougher* atá foinsí ceithre fho-abhainn den *Lougher River*. Sníonn siad isteach ina chéile i leathabhann sula ndéanann siad a mbealach ó thuaidh go *Roughgrange*, agus sníonn fo-abhainn a éiríonn i n*Gilltown* isteach sa leathabhann nuair a shroicheann sise *Roughgrange*.

⁴⁹ Sílim gur ‘uncultivated land’ seachas portach a bheadh anseo.

Roughgrange agus *Newgrange* chomh maith. (Sheet 26, 6-inch maps of Meath 1837). Tá samplaí den logainm *Scarbhach/ Scarva* le fáil i gContae an Dúin agus i gContae Chorcaí, chomh maith leis an logainm *An Scairbh/ Scariff* atá i gContae Chiarraí (*logainm.ie*).

(iii) Fásann *Garbhhus - Galium aparine*, ‘Robin-run-the-hedge’ (Rialtas na hÉireann 1978:14, 207) ar thalamh bocht, ach is é ‘Garbhach’ atá ag FGB mar ainm ar an bplanda seo (613). Ní bheadh a leithéid fairsing i móinéar, ámh.

Sílim go bhféadfadh [*le*] *Garaughmede* (1) a bheith díorthaithe as (i) **Garbhach + mede*, nó as (ii) **Scarbhach + mede*, agus go mb’fhéidir gur aistríodh *Garaughmede* go *Roughgrange* am éigean roimh an 16ú haois, ar an tuiscint gur chiallaigh *Garu-‘rough’*.⁵⁰ Níl a leithéid d’ainilís neamhdhóchúil, nuair a smaoinítear go bhfuil go leor áiteanna eile a d’fheidhmigh mar ghráinseach de chuid *Llanthony Secunda* ainmnithe sa chairt chéanna - Cairt 98 ICL ón mbliain 1381 - agus iad aitheanta mar bhailte fearainn i bparóiste Dhamh Liag inniu - tá *Caulstown* [Calyston],⁵¹ *Drumman* [Drunin], *Duleek* [Duuelike/ Duuelech], *Garballagh* [Carblagh /Car[re]blaw], *Gillinstown* [Gillyngeston], *Lougher* [le Lowher/ Lower/ the Lowher], *Mullaghfin* [Molafen], *Newtown* [Newenton], *Platin* [Platyn], *Carronstown* [Kernanston], *Reask* [Reescus] ina measc (ICL: 293 - 296).⁵² Chláraigh canónaigh *Llanthony* na bailte fearainn thuasluaite, chomh maith le háiteanna eile nach bhfuil chomh so-aitheanta, i gcairteanna éagsúla ICL agus iad ag glacadh seilbhe ar bhealaí agus ar fhorchosáin, ar locha agus ar riasc, ar phortach agus ar thailte, ar chearta iascach agus ar chearta seilge, ar choinicéir agus ar cholmlanna, ar mhuilte uisce agus ar mhuilte gaoithe, ar thorthaí na talún idir an ghrán a baineadh as na garrantaí agus na húlla a baineadh de chrainnte na n-úllghort, ar fhéarach agus ar mhóinéar, ar shochar na n-ainmhithe, ar thithe braiche agus ar bhácúis, gan trácht ar na deachúna séipéil a bailíodh, ar sheirbhísí a éilíodh, ná ar an gcíos a bhí le híoc leis na manaigh ar thithe, ar bhóthithe agus ar chróite muice a bhí mar chuid de ghráinseach *Llanthony* i nDamh Liag Íochtarach (Cairteanna 6, 10, 24, 25, 28, 29, 98 ICL:213, 215-16, 223-24, 224, 226, 226-27, 289 ar lean).

⁵⁰ Faightear an aidiacht ROUGH i logainmneacha Béarla i Sasana (Ekwall 1936:375), agus faightear an eilimint GARBH i logainmneacha Gaeilge (Joyce c 1870:475-76).

⁵¹ Cuirtear foirmeacha ICL i lúibíní cearnógacha.

⁵² Féach Caibidil 3, 5.3 freisin le haghaidh liosta de 18 mbaile fearainn a bhí mar ghráinseach Cholpa, a bhfuil na hainmneacha nach mór céanna orthu inniu agus a bhí orthu sa bhliain 1408 (Cairt CLXV ICL:178 ar lean).

Is léir, mar sin, gur fhorbair agus gur leathnaigh ciall an fhocail ‘grange’ go mór, le go gcomharthódh sé na tailte agus a raibh orthu, idir bheostoc, fhoirgnimh agus threalamh, a bhronn na Normannaigh ar na hOird, chomh maith leis an obair agus leis na seirbhísí a rinne na daoine do na canónaigh, agus é intuigthe go raibh sé sin uile dlite do na canónaigh mar choilínithe. Lean an córas sin ar aghaidh níos mó ná 360 bliain, go dtí gur díscáoileadh na mainistreacha sa 16ú haois. Taispeánann an léarscáil i gCaibidil 3, 5.2 fairsingeacht na ngráinseach a bhí ag canónaigh *Llanthony* i gContae na Mí faoin dáta sin.

Mar a thaispeánfar san Aguisín thíos, nascadh an eilimint GRANGE le logainm dúchasach in amanna, nó thóg *Grange* áit go leor logainmneacha dúchasacha. Tá an chuma ar *Roughgrange/ ?le Garuaghmede* (1) gur aistriódh eilimint dhúchasach ann agus gur nascadh *grange* leis in áit *mede* a bhí ceangailte leis cheana.⁵³ Más *Garuaghmede* (1) a bhíodh air sa bhliain 1381, ní raibh rian den Ghaeilge fanta faoin am a tugadh *le Graunge iuxt le leag* (2) ná *Roghgran* (3) air. Is dócha go rabhthas tar éis *Garu-* a aistriú go ‘rough’ (mar nár tuigeadh go raibh iarmhír ainmfhoclach Ghaeilge mar chuid de *Garuagh*), agus gur cuireadh GRANGE leis. Dhéanfaidh sé seo ciall ar dhá chúis: (i) gur feidhm gráinsí a bhí leis an áit, dóibh siúd a bhí ag baint leasa as *Roghgran/ Roughgrange* agus a thug *Roghgran/ Roughgrange* uirthi, agus (ii) mar gur éiligh struchtúr an Bhéarla go leanfaidh ainmfhocal an aidiacht ‘rough’. Sílim go bhféadfadh an t-aistriúchán ó *Garuaghmede* go *Roughgran[ge]* a bheith tarlaithe sa 15ú haois nó go luath sa 16ú haois, mar is sa bhliain 1529 a fhaightear *Roghgraun* (3) den chéad uair.

Tugadh *gráinsigh* (26) mar fhoirm Ghaeilge ar *Roughgrange* sa 19ú haois agus is í *An Ghráinseach Gharbh* (27) an t-ainm neamhdheimhnithe Gaeilge a cuireadh ar an áit sa bhliain 2000 (*logainm.ie*), a bhfuil an chuma air gur aistriúchán ar an logainm Béarla *Roughgrange* atá ann.

Mar achoimre, más slán an anailís a tugadh ar *Garuaghmede* (1), logainm atá le fáil ar liosta áiteanna in *Dyuellek* i gcairt a scríobhadh sa bhliain 1381 (ICL:289) agus más é *Garuaghmede* a bhíodh ar *Roughgrange* sa 14ú haois, b’fhéidir gur *Garbhach nó *Scarbhach a bhíodh ar an áit roimhe sin (sular baineadh leas as an áit mar mhóinéar sa ghráinseach) agus sular nascadh an eilimint *mede* an Mheán-Bhéarla le *Garuagh/*

⁵³ Tharla sé seo i gcás *Grantaghyngeygh* a athraíodh do *Grangegeeth* (Reg Trist:47. LIIII). Cuireadh *Grant* leis an logainm dúchasach agus athraíodh go *Grange* an eilimint sin níos deireanaí féach an t-Aguisín thíos.

*Garbhach, nó le *Scarbhach na Gaeilge, beagnach 150 bliain sular tugadh *Roughgrange* ar an mbaile fearainn sin i bparóiste Dhamh Liag den chéad uair.⁵⁴

Ní raibh ach *Garuaghmede* (1) amháin i nDamh Liag sa 14ú haois (*passim*). Níl ach *Roughgrange* amháin in Éirinn (*logainm.ie* 2012). Féach freisin Caibidil 3, 6.1.

Aguisín

Breathnófar anseo ar an leas a bhaintí as GRANGE mar eilimint i logainmneacha in Éirinn (nó mar logainm gan cháiliú) ó thréimhse na Normannach i leith, ós rud é nach bhfuil teacht ar na foirmeacha *Roughgraun* (3), *Graunge alias Roghegraunge* (4), *Grange alias Rughegrange* (5), *Graunge alias Rough Graunge* (6) agus *Roughgrange* (7) go dtí an 16ú haois.

Is é an sampla is sine de logainm a bhfuil an eilimint GRANGE ann, a aimsíodh don staidéar seo, ná *Grangia Claricie* [*Grangeclare*] a scríobhadh go luath sa 13ú haois. Is teideal ar chairt de chuid *Eve de Bry[mingh]ham* é [*Grang*]ia Clarice a scríobhadh c 1205 (Reg Hosp John Bapt 1936:220, 332). Luaitear *Grangia Claricie juxta Kildar'* c 1206 (*ibid*:221, 333) agus luaitear arís *circa* 1260 os cionn 50 bliain ina dhiaidh sin é, féach:

omnes decimas grangie Claricie juxta Kildar' maiores
& minores ... Grangie cum omnibus suis pertinentiis &
adjacentiis... (*ibid*:221, 334-35).

Luadh *Grantaghyngeygh* [*Grangegeeth*] roimh c 1230 (*passim*)

[=? > Grant + ACHADH + alt (gin.) + GAOTH (gin), b'fhéidir. Is mar *Grangeithe* a fhaightear an logainm seo in aimsir Anraí VIII (IFTS i:71)] agus luadh

Arnald de la Grange and other merchants of Flanders...
merchandise ... arrested in ports of Waterford, Youghal
and Cork ... to be restored ... (CDI 1285-1292:407, 897)

ag deireadh na 13ú haoise, sa bhliain 1291.

Faightear GRANGE nasctha le TOUN ag tús na 14ú haoise, féach:

⁵⁴ Is mó an luí a bheadh agam le *Scarbhach 'abounding in fords or shallows' > *Scarbhach + *mede*, mar go raibh ar a laghad áth amháin ann chomh deireanach leis an 19ú haois, agus gur shamhlófaí móinéar le talamh a raibh áth nó áthanna ann, níos tuisce ná mar a shamhlófaí talamh a bheadh garbh.

1313 Robert son of Katerine of Grangetoun in Co. Louth,
feloniously slain [by William de Balygorman] (CJR 1308-14:300)
[*Grangeston* níos deireanaí (Hen VII IFTS i:71)]

Ós rud é go raibh lear mór tailte bronnta mar ghráinseacha ar chanónaigh na nOrd éagsúla, ar ar tugadh foirm de *Grange* orthu, bhí gá le hidirdhealú eatarthu, agus tharla sé sin go nádúrtha. I dtús báire, coinníodh liostaí (ICL *passim*). Ansin ní raibh ann ach gur tagraíodh don áit ina raibh an ghráinseach, féach *grangie Claricie juxta Kildar*' (*passim*) nó don mhainistir lenar bhain an ghráinseach, féach *the grange of Mellifont* (CDI 1253-1284, 2108: 487-8). [Faoi lár na 13ú haois, bhí *Mellifont* agus a gráinseach bunaithe, féach:

fishermen whose names they do not know, ...by night ...
sailed to the grange of Mellifont ... furtively filled the boats
with timber ... asported the timber to Walter's vill of
Stachineen (*passim*).

Le himeacht aimsire, mhéadaigh líon na ngráinseacha agus faoin 16ú haois bhí go leor díobh le fáil sa tír. Ar ndóigh, sin í an aois ar díscáoileadh agus ar coigistíodh na mainistreacha, féach Caibidil 1, 4.9. Roinneadh tailte na mainistreacha, féach *Possessiones ad nuper prioratum de Lanthony in Anglia pertinentes Comitatus Midie* (CSL 1540-1:27), áit a bhfuil liosta le háireamh de bhailte fearainn Dhamh Liag Íochtarach cláraithe faoin bhfotheideal:

CELLS OF DULEEK AND COLPE.
Monastery or Priory of Lanthony in England...
CO. MEATH
Thomas Cusake, rec.; lands belonging to the Grange
of Dueleke; II li. 3.s. 6.d. *srl* (IMP 1540-1:314-318)

agus tá liostaí fada d'áiteanna eile cláraithe san fhoinsé sin freisin.

Ní léir i gcónaí cé na hainmneacha a bhíodh ar áiteanna sular tugadh *Grange* orthu mar atá i liostaí IMP agus CSL, ach tá eisceachtaí ann agus feictear logainmneacha dúchasacha cláraithe in éineacht leis an eilimint GRANGE uaireanta. Mar shampla, ba é *Ruba Scolage* an logainm dúchasach a taifeadadh d'áit i bparóiste *Killiskey*, barúntacht *Newcastle and Arklow* thart ar AD 1172 - 6 roimh theacht na manach Normannacha (Price 1967:411), agus is *Castlegrange/ Grange* a taifeadadh

dósan in 1540-1. [Cáilíodh an *Grange* sin leis na cáilitheoirí *castle, stone, more* (> *mór*), *de Rosculy* agus *old*, ag amanna éagsúla sa stair, de réir Price (*op cit*) - seo na foirmeacha a bhailigh sé: *Castlegrange Grange, Stonegrange* (1580 AD), *Graungemore* (1604 AD), *Grange de Roscoly* (1302-6), *Roscoly/ Rostulli* (c1260 AD), *Bosculli/ Rosculi/ Rosculin* (c1232), *Bubascologe* (1192 AD) *Rubastolage Ruba Scolage* (1172 AD). Deir Price gur tugadh *Grangemore* ar chuid den áit, agus *Old Grange* ar chuid eile de, sa 17ú haois (*passim*).]

Aimsíodh cúpla sampla den logainm *Grangia/ Grange* i gcáipéisí na 15ú haoise, féach *Hibernica Grangia* ón mbliain 1431 AD (Swaine:137-38), *Little Grange* AD 1431 agus *Grange of the Abbey of Knoc* (*ibid*:136).

D'fheidhmigh Anraí VIII mar rí sa chéad leath den 16ú haois, agus tá teacht ar *The Grange* nó *Grange* ar ghráinseacha éagsúla i gcáipéisí na tréimhse sin; baineadh leas as aidiachtaí méide mar cháilitheoirí ar *Grange* go minic, féach *Great Grange*, [*the*] *lytell / litle Grange alias Grnevegge, much / mouche Grange, the long Grange*; baineadh leas as aidiachtaí suímh *Grangende, Grange in the Marche, Grange by Allardeston, Grange by Foghanhill, Grange by Mylton*; cáilíodh GRANGE le sloinnt, féach *Graunharvey, Granggodley* agus cáilíodh ar bhealaí eile é, féach *Grangehirweye, Grangeliegen, Grangeery, Grangeforthe, Grangefoure* (Hen VIII, IFTS i:71).

Faightear samplaí nua den logainm le linn réimeas Éadbhard VI, féach *Grange alias Ballychelmer, Grangeclohe/ Grangeclohy, Grange Huylaghehanne, Grangehyrwe, Grangeiseolton, Grangemullen/ Grange Myllone, Grangenykylle, Grange of Bectyf, Grange of Portmarnock, Grange of Rosnalvayall/ Grangerosnalvan* (IFTS i:251).

Faightear a thuilleadh samplaí nua le linn réimeas Philib & Máire, *Grange by Milton, Grange by Tryme, Grange in Clonsilla*, mar shampla (IFTS i:331).

Ach is le linn réimeas Eilís I a fheictear maidhm mhór mhillteach de logainmneacha a bhfuil *Grange* iontu. Chomhairigh mé os cionn 140 logainm a raibh an eilimint GRANGE iontu in innéacs *Fiant Eilíse* (IFTS iv: 333-335). Áirítear *Nether Grange, New Grange, Grange by Feddert, Grange by Molingar, Grange by Trevett, Grange of Athfad, Grange of Ballelugge, Grange of Banhoo, Grange of Cowlehirrie or Coulhurey, Grange of Culrevaghe or Cowleraghe, Grange of Donbrody, Grange of Innyslawnaght, Grange of Irre, Grange of Kells, Grange of Kilbeggan, Grange of Kilmori, Grange of Kilrie Grange of Kiltobber, Grange of McWilliam Carrighe or Carroghen/ Grang McWilliam Caraghe, Grange of Maghehervaghe, Grange*

Mownynwy, Grange of Moynterolys, Grange of Newton, Grange of O'Fallon, Grange of Rosnalvan/ Grangerosnolvan, Grange of Katherine of Tryvet, Grange of Tullemethane, Grange of Tulskirrie, Grange of Wittocke (passim) agus go leor eile, nár cláraíodh roimhe sin, ina measc.

Leanadh le pátrún leathadh na heiliminte GRANGE agus cuireadh le líon na logainmneacha sa 17ú haois, mar a fheictear i léarscáileanna na 17ú haoise . Frítheadh *Graing[e]* seacht n-uaire i léarscáileanna na 17ú haoise, a bhfuil cuid díobh cáilithe le *bog*, nó *More*, nó *-millet*, chomh maith leis na foirmeacha *Grandge, Grang, Grangbeg/ Grange begg/ Grange beg[g], Grangemore* (Goblet:239-241). Aimsíodh an logainm *Grange* as féin 39 n-uaire. Tá *Upper Grange* agus *Lower Grange* le fáil faoi dhó, chomh maith le *Granges Upper* agus *Lower, Oulde Grange, Great Grange, Grange Abbeyland, Grange belan, Grange churchland, Grange clare,*⁵⁵ *Grange commons, Grange goddan, Grange higgín, Grange Kilcooley, Grange of Kilmackree, Grange of Rosmire, Grange Robin, Grange Rosnolvan,*Grange towne* (faoi dhó), *Grangecon, Grange coolepopple, Grangefore, Grangegeeth,* Grangemockeer, Grangend,*Grangeskry, Grangeblade, Grangegore/ groe* (*ibid*).

⁵⁵ Cuireadh * leis na samplaí stairiúla de na logainmneacha atá le fáil níos luaithe sa stair.

Barúntacht: Damh Liag Íochtarach **Paróiste:** Damh Liag
 [55] SNEEOGE⁵⁶ (ainm Gaeilge le deimhniú *logainm.ie* 2013)

***Snigheog nó ?*Sníeog** (roghanna an taighdeora 2014)

1)	1635	?[Reskes &] Suewkston	Car I 115 Inq Lag ⁵⁷
2)	1654-56	Sneog Sneoy	CS 15, 20 21, 49
3)	1655-9	Sneage	Is BN Goblet:356
4)	1657	Sneage Sneage 26	DS Innéacs DS Duleeke & Abby Parrishes by Thomas Clarke. An Exact copy by Dan ¹ O Brien Surv ^r Census:479
5)	1659	Snyock	Census:479
6)	1663	?Sneg [and Reaske]	Car II 4 Inq Lag, Béarla ⁵⁸
7)	c1668	Sneage 3 Sneage ⁵⁹	BSD Index <i>ibid</i> 3, 1666, 1667 sa téacs
8)	1672	Sneage	Is HD Goblet:356
9)	c 1697	Snoge	GJ Rates (old Docket):AL TT <i>logainm.ie</i>
10)	1700	Sneoge	Forfeited Estates 1700 :89
11)	1812	Sneogue	Co Map:AL TT <i>logainm.ie</i>
12)	c1830	Snilogue	BS:AL TT <i>logainm.ie</i>
13)	1830-40	Sneeoge	TCB:AL TT <i>logainm.ie</i>
14)	1830-40	Sneeoge	JOD:AL TT <i>logainm.ie</i>
15)	1838	Sníogh “Sníogh”	pl:AL TT <i>logainm.ie</i>
16)	1838	Sníodhóg ‘a small stream’	OD:AL TT <i>logainm.ie</i>
17)	2014	'fni: o:g 'fni: 'o:g	fogharscríobh, Joe Crosby Jim Curley ⁶⁰

⁵⁶ Níl aon tagairt do *Sneeoge/Sneage/Sneog* srl le fáil in CDI, ná in CJI, ná in IFTS.

⁵⁷ Sílim go mbaineann na foirmeacha stairiúla *Reskes & Suewkston* (1) le paróiste Dhamh Liag, Damh Liag Íochtarach, ós rud é nach bhfuil aon *Reskes & Suewkston* luaite le barúntacht Dhamh Liag Uachtarach agus ós rud é go bhfuil bailte fearainn eile a bhaineann leis an bparóiste Dhamh Liag i nDamh Liag Íochtarach luaite sa chaipéis seo in éineacht leo.

⁵⁸ Seo comhthéacs na tagartha: ‘*Sneg and Reaske* containing 426 acres, which said lands are lying and being in the parish of *Ardcath* and *Arcamy*.’ Is taobh thiar den bhaile fearainn *Reask* [52] atá *Sneeoge* i bparóiste Dhamh Liag - tá *Reask* [52] agus *Sneeoge* [55] teorantach lena chéile. Is i nDamh Liag Uachtarach atá an paróiste *Ardcath*. Ar ndóigh, d’fhéadfadh sé gur athraíodh na teorainneacha idir na paróistí Damh Liag agus Ard Cath am éigin i ndiaidh na mblianta a taifeadadh na logainmneacha i gcáipéis (1) thuas - AD 1635 - agus i gcáipéis (6) thuas - AD 1663. Ní mhaireann *Arcamy* i gceachtar de na leathbharuntachtaí.

⁵⁹ Is cosúil le *u* an *n* atá san fhoirm seo.

Is i bparóiste Dhamh Liag, Damh Liag Íochtarach atá an baile fearainn *Sneeoge*. Níor frítheadh aon sampla de go dtí an 17ú haois agus is iomaí leagan éagsúil a cláraíodh sna foinsí Gallda ó shin, idir *Sneog* (2), *Sneage* (3), (4), (7), (8), *Snyock* (5), ?*Sneg* (6), *Snoge* (9), *Sneege* (10), *Sneogue* (11), *Sniogue* (12) agus *Sneeoge* (13), (14). D'fhéadfadh sé gur easpa dúigh ba chúis leis an bhfoirm *Sneoy* (2), agus -y# inti seachas -g#, mar go bhfuil *Sneog* (2) scríofa san fhoinse chéanna.

Tá foirm amháin chorr ann nach dtagann leis an gcuid eile den fhianaise. Is í sin *Suewkston* (1). Tharlódh gurb é an struchtúr *Suewk* + mír shealbhach an Bhéarla + TON atá intisean. Sílim gur *n* atá i gceist leis an *u* (cf. an Réamhrá) agus gur **Snewkston* atá i gceist le *Suewkston* (1). Caolseans go bhfuil *Suewkston* (léigh **Snewkston*), díorthaithe ón sloinne Gaelach *Ó Sniadhaig* a bhfuil teacht air sa 13ú haois agus atá fós le fáil i gContae Mhaigh Eo agus i gContae Shligigh (Woulfe 1923:646-47).

Is iad *Sniogh/ Sníogh* (15) agus *Sníodhóg* ‘a small stream’ (16) na leaganacha Gaeilge a cuireadh ar *Sneeoge* sa 19ú haois. Ciallaíonn *snige* ‘act of dropping, falling, pouring (of rain, snow ...)’ (DIL:301). Tá an focal *sniog*, (gin *snige*, iol *snioga*) ‘a drop’ in FGB, chomh maith le *sní* ‘flow’. Is iarmhír í -óg# a tháinig isteach sa Ghaeilge ón mBreatnais agus an chiall ‘beag’ léi (GOI:173 §271). Is cosúil, mar sin, gur fhorbair an logainm *Sneeoge* ó:

SNIGE + -ÓG → **Sní-óg/ Sneeoge*

ar an gcaoi a leanas: SNIGE (+ séimhiú ar an gconsan coguasach + cáiliúint an chonsan agus fadú an ghuta mar chúiteamh⁶¹ + -ÓG. D'fhéadfadh sé go mba shin a bhí i gceist ag Ó Donnabháin agus an fhoirm *Sníodhóg* (16) á clárú aige, cé go bhfaightear *Sniogh/ Sníogh* (15) san AL freisin.

Tá *Sneeoge* suite idir imlíne airde de 50 méadar ar an taobh thiar thuaidh den bhaile fearainn agus imlíne airde eile de 40 méadar ar an taobh thoir theas de. Tá foinse srutháinín i *Sneeoge* atá ina fho-abhainn de chuid na hAiní/ *Nanny Water*. Tá an baile fearainn *Mullaghfin* siar ó thuaidh de *Sneeoge*. Tá sé dochúil gur isteach sa sruthán i *Sneeoge* a shileann na braonacha báistí a thuiteann ar an taobh thoir den chnoc atá mar

⁶⁰ Socraíodh daoine as Iarthar na tíre i gContae na Mí sna 1930í agus sna 1950í agus d'inis Jim Curley dom gurb iad na daoine a tháinig aniar a n-abraíonn /'fni: 'o:g/, seachas /'sni: 'o:g/. Cloistear an logainm le béim ar an gcéad siolla ó dhaoine áirithe agus le béim ar an dá shiolla ó dhaoine eile. Sílim go mb'fhéidir gur forcheartú a bhíonn i gceist ag na daoine a mbíonn an bhéim ar an dara siolla acu, atá bunaithe ar an míthuiscint gur ón aidiacht 'óg' atá an dara siolla díorthaithe.

⁶¹ *lenition, loss, compensatory lengthening*. Tá roinnt samplaí le fáil sa CO den chaoi a bhfadaítear gutaí mar chúiteamh ar cháilliúint chonsan séimhithe atá i lár focail (1958:106-108).

chuid den bhaile fearainn *Mullaghfin* (86 méadar ar airde) agus go mba shin cuid den fáth a thugtar an t-ainm *Sníodhóg* (15) ar an mbaile fearainn.

Mar achoimre, is dromann beag é *Sneeoge*, a bhfuil feiceáil bhreá ó dheas uaidh, ar ghleann na hAiní/ *Nanny Water*. Tá foinse agus srutháinín ann a shreabhann tríd an bhaile fearainn agus é ar a bhealach go dtí An Ainí/ *Nanny* atá thíos ag bun an dromainn. Is cosúil gur cur síos ar ghné aiceanta atá sa logainm *Sneeoge*.

Cé nach bhfuil aon *Sneeoge* eile cláraithe ar *logainm.ie*, tá taifid ar *Snyockston* in ?Contae na Mí i gcáipéis a scríobhadh sa bhliain AD 1594 (JI 49 (10), CI 1991:347)⁶² agus ar *Sneagston* in ?Contae na Mí c AD 1637 (Car. I:137 Inq Lag),⁶³ ina bhfuil an logainm nasctha le *-ton*.

⁶² Is deacair cinneadh a dhéanamh faoi cé acu chontae ina bhfuil na háiteanna atá liostaithe sa cháipéis seo le fáil, féach: ‘Deed to Ed Cusack Lesmullen, from Pillettiston 6s. from *Snyockston* 15s. from Arrotoston 15s. from Clarkston ... from Donakerny & Marinerston’ (*op cit*). Luaitear *Cill Dara* leis an iontráil seo san innéacs (*ibid*:732).

⁶³ Féach: ‘maner suo de *Rathtouth ...Bollton, Muchrathinston, Cottston, Sneagston*’ (*op cit*). Tá roinnt mhaith sruthán beaga atá ina bhfo-aibhneacha de chuid na Gabhra/ *Broad Meadow River* i gcomharsanacht bhaile Ráth Tó /*Rathtoth* agus sníonn srutháin eile ó thuaidh chun castáil leis an gCamán/ *Hurley River*. Mar sin, is iomaí an láthair ina bhféadfadh an *Sneagston* caillte sin a bheith suite.

Barúntacht: Damh Liag Íochtarach

Paróiste: Damh Liag

[56] THOMASTOWN

Ní logainm gaelach é seo.

? ***Baile Pheaits** a bhíodh air roimh *Thomastown* (2014)

1)	1463	Thomaston	SRPI Ed IV i:28
2)	1547	Thomaston	IFTS i (Ed VI):90 F30 (<i>innéacs</i> : co Meath)
3)	1576	Thomaston	Eliz 105/69, CI 1991:236
4)	1654-56	Ballipatch	CS 15, 20, 21, 48
5)	1654-57	Ballipath ⁶⁴ Ballipatch	DS, W ^m Morgan, Dan ^l O' Brien copy DS Innéacs The Barrony of Duleeke
6)	1690	Thomastowne	Gul & Mar 1 Inq Lag (TT <i>logainm.ie</i>)
7)	1697 nó ina dhiaidh	Ballypeck	GJ Rates (Old Docket:AL, TT <i>logainm.ie</i>)
8)	1812	Thomastown	CO Map:AL, TT <i>logainm.ie</i>
9)	c1830	Thomastown	BS:AL, TT <i>logainm.ie</i>
10)	1830-40	Thomastown	TCB:AL, TT <i>logainm.ie</i>
11)	1838	Baile Thomais	pl:AL, TT <i>logainm.ie</i>
12)	1838	Baile Thomais	OC:AL, TT <i>logainm.ie</i>
13)	1830-40	Thomastown	JOD:AL TT, <i>logainm.ie</i>
14)	1838	Thomastown	Custom:AL, TT <i>logainm.ie</i>
15)	1838	Thomas's town	OD:AL, TT <i>logainm.ie</i>
16)	2014	'Θαμας τουν	fogharscríobh, Dessie Lynch ⁶⁵

Is i bparóiste Dhamh Liag i mbarúntacht Dhamh Liag Íochtarach, Contae na Mí atá an baile fearainn *Thomastown*. Is cosúil gur logainm den struchtúr Béarla

AINM PEARSANTA+ mír shealbhach + TOWN

atá ann. Tá an t-ainm pearsanta *Thoma* in Éirinn ón 12ú haois. Luadh *Thoma de Faypou* (as Mí) agus *Thoma filio Aluredi* (as Cill Dara) mar fhinnéithe cáipéise ag deireadh na 12ú haoise (ICL:LXXV, 88),⁶⁶ agus beagán os cionn 100 bliain ina dhiaidh sin, sa bhliain 1310, luadh *Thoma filio Aluredi* agus *Thoma de Cantewell* (as

⁶⁴ Níl *Ballypath* le fáil in CDI, ná in CJI ná SRPI Henry VI, ná in SRPI Ed IV, ná in CI 1991.

⁶⁵ Cloistear an logainm leis an túsfhóinéim [t] ó dhaoine eile in amanna chomh maith.

⁶⁶ Féach freisin cairt *Johannes Rex AD 1198*, ina bhfuil *terram Rudi et terram Thome* (cuspóireach) *fili Aluredi in Artheuid* luaite (CGR 143, f.188d).

BÁC) (CXXXIX ICL:128).⁶⁷ Tá thart ar naoi dtagairt do dhaoine darbh ainm *Thoma/Thomas* idir na blianta *Circa* 1175 agus 1397 (CGR). Mar sin, is léir go raibh an t-ainm ar Normannaigh agus ar shliocht a sleachta in Éirinn.

Maidir le *Thomastown* an logainm, is cosúil gur tháinig sé go hÉirinn leis na Normannaigh. Cé nár frítheadh tagairt don *Thomastown* (1) atá faoi chaibidil anseo go dtí an 15ú haois (AD 1463), luaitear *Thomastown* eile idir 150 bliain agus beagán le cois 200 bliain níos luaithe i gcontaetha eile, féach *Thomastown* [CC] *circa* 1216 (CDI 1171-1251:112, 732) agus *Thomaston* [CD] AD 1312 (CJI 1300-14: 243). Níor frítheadh aon tagairt d'aon leagan Gaeilge ar an déanamh BAILE + TOMÁS.

Bhí an mhalairt ainm *Ballipatch/ Ballipath/ Ballipatch* (4), (5) ar *Thomastown* sa 17ú haois – tá sé taifeadta sa CS,⁶⁸ agus marcáilte ar léarscáil na DS. Níor luadh aon fhoirm de *Ballipatch* sna cáipéisí oifigiúla luatha CDI 1171 – 1307 ná CJR 1295-1307, ná SRPI Ed IV, 1462-1482. Mar sin, is cosúil go raibh an t-ainm *Ballipatch/ Ballipath/ Ballipatch* in úsáid i measc fhaisnéiseoirí an CS agus an DS, agus go raibh *Thomastown* in úsáid i measc na nGall i gcáipéisí oifigiúla roimh an 17ú haois agus ina diaidh. Cláraíodh *Ballypeck* a bhfuil cáilitheoir éagsúil air do na GJ Rates, agus an struchtúr céanna le *Ballipatch/ Ballipath* air .i. BAILE +?AINM/ SLOINNE. Ní féidir ach buille faoi thuairim a thabhairt maidir le bunús cáilitheora *Ballipat[c]h* – is é sin go mb'fhéidir go seasann *-patch* le haghaidh *Pait nó Paitis*. Maidir le *-peck*, d'fhéadfadh sé gur meascadh na litreacha *ck* le *ch* trí thimpiste.

Thairg O'Conor an leagan Gaeilge *Baile Thomais* (11) do *Thomastown* sa 19ú haois. *Baile Thomáis* a shaothraigh Ó Foghludha do *Thomastown* i gcontaetha eile - CD, RC, TÁ agus CM. Chuir Ó Foghludha an logainm *Baile Mhac Andáin* chun cinn do *Thomastown* CC agus *Roisín* do *Thomastown* MEo (gan dáta:74).

Logainm bisiúil a bhí in *Tomastown* go stairiúil - tá leaganacha de le fáil i gcáipéisí Anraí VIII,⁶⁹ Pilib & Máire,⁷⁰ agus Eilís I,⁷¹ sna contaetha BÁC, CD, CC, *King's County*, Lú, Ci, CM agus IM.⁷²

⁶⁷ Féach freisin *FitzAlured (Walter)*1227-30 (ICL:84, fonóta 4). Baineadh leas as an mír Normannach *Fitz* in áit *filio* - *FitzAlured (Walter)*1227-30 *ibid*.

⁶⁸ Féach: *Ballipatch*: 'Bounded on the east with ye lands of Carblagh & on ye west with ye lands of Kelleyeston on ye north ye Bog of Gillingstowne on ye South with ye lands of Mallafine' (CS: 21, féach freisin *ibid*: 15, 20, 48).

⁶⁹ IFTS i: F272 BÁC in 1541-2 AD, F443 [CD] ón mbliain 1544 agus F239 [CC] ón mbliain 1541.

⁷⁰ Féach 'in King's co. '1554 AD (P & M IFTS i: F63).

⁷¹ IFTS iv (Eliz):781 (innéacs).

Tá *Thomastown* mar ainm bhaile fearainn i 16 chontae na tíre go comhaimseartha, agus tá ceithre shampla de le fáil i gContae na Mí - i bParóiste Loch Craobh/*Loughcrew*, barúntacht Bhaile Fhobhair/*Fore*,⁷³ agus i bparóiste An Chill Bheag/*Kilbeg*, barúntacht Cheanannas Íochtarach/*Kells Lower*, agus i bparóiste Dhún Seachlainn, barúntacht Ráth Tó/*Ratoath*⁷⁴ agus ar ndóigh, i bparóiste Dhamh Liag, barúntacht Dhamh Liag Íochtarach, mar a pléadh thuas.

⁷² Luaitear *Thomastown* in UF, CC, agus Lú (IMP 1540-1:innéacs:450). Luaitear *Thomastown* paróiste Chill Dara, CD (CSL 1540-1:278), *Thomastone/ Thomastone* paróiste *Cadamstown* IM (*ibid*:184, 186, 201, 202) agus *Thomaston* paróiste *Killucan* IM (*ibid*:69).

⁷³ Féach an tagairt stairiúil don *Thomastown* seo i gcáipéis de chuid Eilíse (Eliz 84/192, CI 1991:236).

⁷⁴ Ba chuid den ‘manor of Grangend near Donshakelyn’ an *Thomaston* a bhí i mbarúntacht Ráth Tó sa 16ú haois (IMP 1540-1:32).

Paróiste: Fennor

Barúntacht: Damh Liag Íochtarach

[57] FENNOR

***Fionnabhair** (moladh an taighdeora 2014)

[Fághtar giotaí ábhartha de théacsanna áirithe i gcolún 3.]

- 1) 506 Fionnabhrach (gin) ARÉ i:164. Iollann, mac Dúnlaing, ri Laighean, décc. Cath Luachra ria Coincorb for Uibh Néill.
Ar do ro raidheadh:
Cath lonn Luachra, uasa tuas,
atceas Brigit, ni frith fás,
flannchath Fionnabhrach ba huas
im *corp nIollainn* iar na bhás.
- 2) 524 Fionnabhrach (gin) Chron Scot:40. Flanchath Fionnabhrach ba húaís
Um corp Iollaind iar mbás
- 3) 524 Findabhrach (gin) Ann Tig i 1993: 90. flandchath Findabhrach
ba huaisim corp n-Illadaín iar mbass (i 1993: 90).
- 4) 535 Finnabhrach (gin) AI:68. Cath Finnabhrach for Hu Neill
ré curp Illainn qui uixit .c. ar^c .xx.
- 5) 804 Findabhrach abhae ARÉ i:414. Maolfhothartagh, mac Flainn,
recte (gin) abb Findabhrach abhae, 7 Cille monai, dég.
809
- 6) 827 Fionnabhrach (gin) ARÉ i:442. Maolumha, mac Cethernaigh,
prioir Fionnabhrach ... décc
- 7) 829 ?Fionnabhair -Breagh ARÉ i:444. Feidhlimidh, mac Criomthainn,
co slogh Mumhan 7 Laighen do thoicht co
Fionnabhair Breagh, do ionsadh fhear mBreagh
- 8) 833 Fionnabhrach abhae ARÉ i:448
(gin)
- 9) 837 Fionnabhrach abha ARÉ i:456
- 10) 843 Findabhrach abhae ARÉ i:464
- 11) 847 fionnabhair abhae ARÉ i:478. An chros boi ar faithche Sláine
do thurccbháil isin aer. A comhbhrúdh 7 a fodhail
co ttoracht ní dia barr taillte, 7 fionnabhair abhae
- 12) 849 Finnabair abae Chron Scot:150. An cros a ffaichthe Slaíne do

		chumgabáil isin aer et a combruccadh, et a fodail co torracht ní dia barr Tailtin ocus Finnabair abae
13)	882 Findabhrach abhae (gin)	ARÉ i:532
14)	902 Findabhrach (gin)	ARÉ i:562. Ferghil epscop Findabhrach
15)	906 Finndabhrach (gin)	Chron Scot:180. Feirgil epscop Finndabhrach quieuit.
16)	1024 Fiondabhrach abhae (gin)	ARÉ ii: 806. Fachtna fear leighind 7 sagart Cluana mic Nóis, airchinneach Fiondabhrach abhae
17)	1059 Findabhrach Eaba (cusp) M.luii ii	Ann Tig ii:291 (RC:399). Concobar Húa Mael Sechlainn do loscud 7 do argain Findabhrach Eaba & Dubadha
18)	1133 [Fionnabhair na nInghean]	ARÉ ii:1042. Creach lá Donnchadh Ua Cearbhaill, 7 la fearaibh Fearnmhaighe hi Fine Ghall, conus táirseatar Goill oc Fiondabhair na ninghean, co ndhearnsat deabhaidh i ttorchair Ragnall mac Póil, 7 drong mór do Ghallaibh uime.
19)	1157 [Finnabhair na n- ingean]	AU ii:130. Dorat dano baile ic Drochat-atha do na cleirchibh idon, Finnabhair na n-ingean
20)	1177- de Finoure 88	XXXIX Carta Eug[enii] Clunardensis episcopo, ICL:49
21)	1211- [manerii de] Finoure 12	Pipe Roll John 1211-1212:20
22)	1253 Finavir	CDI 1252 - 1284:26, 171. ⁷⁵
23)	1306 Fynowre	713 Tax. D. M., CDI 1302-1307: 252
24)	1306 Fynnore	714 Roll of Tax. CDI 1302-1307:262
25)	1527 Fynnor	Hen VIII 35/87, CI 1991:20
26)	1529 Fynnor	Hen VIII 48/90 <i>ibid</i> 27 (<i>from trans. of John Mills</i>)
27)	1532 Fynnor	Hen VIII 62/98, <i>ibid</i> 34 (<i>from trans. of John Mills</i>)
28)	1535 Fynour	Hen VIII 69/102, <i>ibid</i> :40

⁷⁵ Tá go leor logainmneacha ábhartha sa cháipéis seo, féach: ‘King Henry II confirms to the Abbot and monks of Mellifont the gift made to them by K H II of their abbey and of the following granges &c ... Rathmolan, Finavir, Thaghlyunny, Rosmaring’, Cuillin, Cnogvam’, Kelkalma, Thuelag’hnacornair, Collon, Kechork and Fynnavir.’

29) 1607	Fennor	JI 47
	Fena	CI 1991:343
	Fienan	(3) <i>ibid</i> :344
30) 1628	Fennor	A44, <i>ibid</i> 457
31)1654 -56	Ffenore X 3	CS 2, 26, 44 X 2
	Ffenore [P]	50
	Fennore	44
	ffenor	48
32) 1657	Fennor 2.5	DS innéacs
	The Parrish of Fennor	DS, Cur síos ar an bparóiste ⁷⁶
	Fennor 1 [P]	Is Edw ^d Wilson, The Parrishes of Knockhammon Painestowne Kentowne and Brownestowne and Fenor
33) c1668	Fennor 15	BSD Index ⁷⁷
	Fennor Parish	<i>ibid</i> 15, Teideal sa téacs,
	Fennor	<i>ibid</i> 15, 1663, 1666 sa téacs
	in Fennor ... C†land	
34) 1689	Fennor	Is le Petty
35) 1663	vil' & ter' de Fennor	Car II 3 Inq Lag
36) 1836	Fennor [P]	NBBP Co. M: 99, OSO July 1836 [P] = Paróiste
37)1655-9	Fennor [P]	Is BN, Goblet:19
38) 1659	Fennor towne	Census:480
39) 1690	Fennor	Gul & Mar, Inq Lag:2
40) 1792	Fennor [P]	Beaufort's Memoir, NBBP Co. M:99, OSO July 1836
41) 1795	Fennor [P]	Seward Top Hib, NBBP Co. M:99, OSO July 1836
42) 1802	Fenor [P]	Thompson Stat Surv NBBP Co. M:99, OSO July 1836

⁷⁶ Seo an téacs ‘...This parrish is very well inhabyted (*sic*). In Fenor (*sic*) there standes (*sic*) a Church out of repair and an old Stone House with a brick House in repair the River Boyne meares a great part of it over which there is a Fayre Bridge called Slane Bridge. There is an old weare and an old Mill and some small islands in y^e River’ (*op cit*). Tá úinéirí na dtailte luaite ina n-ainmneacha agus toisí a dtailte tugtha in acraí, péirsí agus stanga, chomh maith le heolas faoi dhá pháosa talún a bhfuil *churchlands* tugtha orthu. Taispeántar gach a bhfuil luaite thuas ar an léarscáil.

⁷⁷ Faightear *Fennor* eile anseo atá in ‘Ardcagh -Piercetowne and Clonalvy Parishes 6’ [= ar lch 6].

- 43) 1810 Fennor [P] Carlisle Top Dic, NBBP Co. M:99, OSO July 1836
- 44) 1812 Fennor Co. Map 1812:AL
Fennor ls Larkin
- 45) 1821 Fennor [P] HCPopR, NBBP Co. M:99, OSO July 1836
- 46) 1824 Fennor [P] Beaufort Map, NBBP Co. M:99, OSO July 1836
- 47) 1824 Fennor HCSV, NBBP Co. M:99, OSO July 1836
Fenor (pl) [P]
- 48) 1830 Fennors [P] HCTCRet, NBBP Co. M:99, OSO July 1836
- 50) c1830 Parish of Fenor BS:AL, TT *logainm.ie*
- 51) 1831 Fennor [P] HC Ir Ecc Reg, NBBP Co. M:99, OSO July 1836
- 52) [Gan Fynnor [P] Eccles Ann, NBBP Co. M: 99, OSO July 1836,
dáta] mar a chéile le tagairt (51)?
- 53) Fennor [P] JOD, NBBP Co. M:99, OSO July 1836
Fennor [P] *ibid*: pl: See Fermanagh Index where this name occurs (sínithe ag JOD).
Nóta pl:Finner in Fermanagh
- 54) 1836 Fenor GJ Rates (Old Docket):AL, TT *logainm.ie*
- 55) 1836 Fenor HCSV:AL
- 56) 1836 Fionnair OD:AL, TT *logainm.ie*
- 57) 1836 Fionnair P OSL:140
- 58) 1836 Fennor Dúch dearg:AL, TT *logainm.ie*
- 59) 1836 Fennor [P] JOD, NBBP Co. M:99, OSO July 1836
Fennor [P] *ibid*: pl, (Nóta pl:Finner in Fermanagh)
- 60) 1836 Fionnabhair NBBP Co. M:99, OSO July 1836
Abha [P] ‘white plain of the river’
- 61) 1835-6 Fennor Ho ls SO
revised
1899
- 62) 2014 'fenær fogharscríobh, uilíoch

Is i mbarúntacht Dhamh Liag Íochtarach atá an paróiste *Fennor* agus an baile fearainn den ainm céanna. Is ón nGaeilge FIONNABHAIR a thagann an leagan Béarla den

logainm agus luadh roinnt tagairtí don logainm Gaeilge (tuiseal ginideach) atá scríofa sna hAnnála cheana, arbh iad

flan[n]chath Fionnabhrach (1), (2) flandchath Findabhrach (3)

a troideadh thimpeall ar chorp Iollainn sa 6ú haois ar na cinn is luaithe díobh. Insítear gur éag Iollann sa bhliain 506 in ARÉ agus go mba eisean rí Laighean, féach:

Iollann, mac Dúnlaing, ri Laighean, décc. (1)⁷⁸

Is é

Cath Finnabhrach for Hu Neill ré curp Illainn
qui uixit .c. ar^c .xx.⁷⁹ (4)

an chéad taifead eile ar an logainm. Bheinn in amhras gur ‘*Fennor* near Kildare’ atá i gceist leis an bh*Fionnabhrach* (gin.) atá luaite sa téacs sin mar a deir Ó Donnabháin a luann Inquisitions, *Lagenia*, Kildare 8, Jac I 40 [= Inq Lag, Jac I: 40] chun tacú lena thuairim (ARÉ i:164, fonóta a). Agus Ó Murchadha ag plé an logainm mar atá in AI .i.

Fionnabhair 535 Cath Finnabhrach for Hu Neill ré curp Illainn
(AI:68)⁸⁰

deir sé:

(‘Perh Fennor in bar. Of Slane, Co Meath’).⁸¹ More likely tl. Fennor, par. Duneany, bar. Offaly West. Co Kildare (See Onom. G. [= *Onom* Goed] and AFM, i, pp. 164, 315 [= ARÉ i:164,315])⁸² (1991-93:27).

agus an chosúlacht air, go bhfuil sé ag cur meas Uí Dhonnabháin san áireamh. Cé nach bhfuil aon *Fennor* cláraithe do bharúntacht Bhaile Shláine Uachtarach ar *logainm.ie*

⁷⁸ Ar ndóigh, ní fhéadfadh na dátaí AD 506, AD 524 agus AD 535, atá tugtha do bhás an rí in ARÉ, Chron Scot agus in Ann Tig a bheith cruinn (nó fiú go mbeadh ceachtar acu ceart). Tá mí-aimsearthacht ag baint le dátaí a bhaineann le hIollann mar a thugtar sna hAnnála éagsúla iad. Ar ndóigh coinníodh corp Iollainn i ndiaidh a bháis, le go mbeadh na Laighnigh in ann troid thimpeall air sna catha éagsúla, le go gcomhlíonfaí tairngreacht Bhríde; féach *Knockisland* [44] le haghaidh cur síos ar an seanchas a bhaineann le hIollann mac Dunlaing.

⁷⁹ = ... a mhair 120 bliain. Luaitear *Dúnlaing rí Laigen* le cathanna eile sna hAnnála - cath ábhartha is ea an ‘Cath eter Laigne 7 Osraige co torchratar Murchad mac Dúnlaing rí Laigen 7 rig imdae archena’, a bhfuil taifead air faoin mbliain 1042 in AI, ach ní luaitear an logainm Fionnabhair leis an gcath sin (*op cit*:206).

⁸⁰ Féach freisin AU faoin mbliain 527.

⁸¹ Is mar a chéile an léirmhíniú seo agus an léirmhíniú atá ag Mac Airt, eagarthóir AI 1951.

⁸² Tagairt do ‘Iomaireacc Fionnabhrach’ i gContae Chill Dara atá anseo (ARÉ i:315).

2013, ná níl sé marcáilte ar léarscáil SO 43 (2010); tá *Fennor* eile i bparóiste *Ardcath/Ard Cath, Damh Liag Uachtarach* (*logainm.ie*), ach is é an *Fennor* is gaire do Bhaile Shláine ná an *Fennor* atá á phlé anseo idir pharóiste agus bhaile fearainn atá ar an mbruach theas den Bhóinn trasna na habhann ó Bhaile Shláine i mbarúntacht Dhamh Liag Íochtarach. Tharlódh go mba shin é an *Fennor* atá i gceist leis an *gCath Finnabrach* thuasluaite - ar ndóigh, is fiú a lua nach bhfuil sé éasca cinneadh a dhéanamh faoi shuíomhanna na bh*Fennor* éagsúla - tá scór *Fionnabhair* cláraithe san *Onom Goed*.

Ós rud é go bhfuil *Findabrach/Fionnabrach, Luachair* agus *Iollann* rí Laighean luaite sa rann as ar tógadh foirmeacha an logainm i sampáí (1) agus (2) sa Tábla thuas, táim ag cur na tuairime chun cinn sa tráchtas seo go bhfuil na háiteanna sin uile i nDamh Liag Íochtarach, féach an phlé ar *Knockisland* [44], ar *Lougher* [46] agus ar *Rahill* [51].

Tá an paróiste *Fennor* ar an taobh ó dheas den Bhóinn agus tá roinnt taifead ar chlaontuiseal an logainm *Fionnabhrach* (gin) *abha[e]* le fáil i dtéacsanna a bhfuil dátaí ón 9ú haois, ón 10ú haois agus ón 11ú haois luaite leo. Is é *abhae* seanghinideach an fhocail *abhainn* ‘river’ (féach **abhae** gin. MI 78^b4, GOI §333) a fheidhmíonn mar cháilitheoir i ndeich gcinn de na samplaí a bailíodh don tráchtas seo. Tharlódh go bhfuil an logainm cáilithe le *abhae*, mar tá an paróiste *Fennor* ar bhruach theas na Bóinne. Is léir ó go raibh mainistir san áit, mar go dtagraíonn cuid de na taifid a bailíodh do bhás an aba chomhaimseartha a bhí i bh*Fionnabhair* *abha[e]*, féach (5), (8), (9), (10) - (13). Tá tagairtí le fáil freisin do bhásanna an airchinnigh (16), an easpaig (14), (15), agus an phríóra (6).⁸³

Tháinig na Lochlannaigh sa bhliain 833 agus taifeadadh gur

Orgain glinne dá locha, Sláine, 7 Fionnabhrach abhae la Gallaibh (8).

Ní mé arbh iad na Lochlannaigh ba chúis leis an eachtra a leanas a tharla sa bhliain 849:

An cros a ffaichthe Slaíne do chumgabáil isin aer et a combruccadh, et a fodail, co torracht ní dia barr Tailltin ocus Finnabair abae (12). Féach freisin (11).

⁸³ Ní dóigh liom go raibh an téarma ‘prióir’ in úsáid sa 9ú haois. Ar ndóigh, is sa 17ú haois a bhí na Cheithre Máistrí ag scríobh ARÉ.

Is é tuairim Stokes gur ‘Fennor on the Boyne’ atá i gceist leis an bh*Finnabair abae* sin (1895-96) 1993:291).

Ní réitíonn dátaí na n-iontrála sna hAnnála éagsúla le chéile maidir leis an duine de shliocht Mhaol Seachlainn a d’ionsaigh Fionnabhair Abha tuairim is dhá chéad bliain ina dhiaidh sin (17). Is é atá ráite faoin eachtra sin ná gur tháinig

Concobar Húa Mael Sechlainn do loscud 7 do argain
Findabrach Eaba & Dubadha. (17)

Is iad na dátaí 1042 (AI), 1057 (Chron Scot), agus 1059 (AU, ALC agus ARÉ) a thugtar sna hAnnála éagsúla don eachtra seo.⁸⁴ Luaitear an logainm mar *Findabair Eaba (sic)* in Ann Tig agus an litriú corr ‘Eaba’ ar an tríú heilimint. Caithfidh sé gur botún peannaireachta nó botún cló atá sa litriú ‘Eaba’ sin.

Is leis an gcáiliú *na n-ingean* a fhaightear an logainm sna hiontrálacha a cláraíodh do na blianta 1133 agus 1157. Deir Ó Donnabháin maidir leis an logainm *Fiondabhair na ninghean* mar atá fáil air sa téacs a leanas:

Creach lá Donnchadh Ua Cearbhaill, 7 la fearaibh
Fearnmhaighe hi Fine Ghall, conus táirseatar Goill oc
Fiondabhair na ninghean, co ndhearnsat deabhaidh i ttorchair
Ragnall mac Póil, 7 drong mór do Ghallaibh uime. (18)

This was the name of a townland situated on the south side of
the Boyne, opposite the mouth of the Mattock River in the
parish of Donore, county of Meath (ARÉ ii:1043, fonóta e).⁸⁵

Níl aon *Fennor* i bparóiste *Donore*, Damh Liag Íochtarach go comhaimseartha.⁸⁶ Ba dheacair fios a bheith ag duine cá mbeadh an *Fiondabhair na ninghean* sin, murach go suíonn AU *Finnabhair na n-ingean* gar do Droichead Átha, féach:

Dorat dano baile ic Drochat-atha do na cleirchibh idon,
Finnabhair na n-ingean (19)

⁸⁴ Déanann Stokes crostagairt do AU 1059, do AI 1042, do CS 1057, do ALC 1059, agus do FM 1059 (Ann Tig ii [1896-97] (1993:291)). Luaitear an cath faoin mbliain 1042 in AI, ach ní luaitear an logainm Fionnabhair, féach: ‘Cath eter Laigne 7 Osraige co torchratar Murchad mac Dúnlaing ri Laigen 7 rig imdae archena’ (*op cit*:206). Luaitear an eachtra, ach ní luaitear an logainm in ARÉ ii:878.

⁸⁵ Mura raibh muintir Fhear Manach ar an taobh ó dheas den Bhóinn cheana féin, is dócha gur thrasnaíodar An Bhóinn siar ón áit a shreabanann An Mháiteog isteach sa Bhóinn, mar ní áit ró-mhaith le haghaidh abhainn a thrasnú, an áit a bhíonn leath-abhainn ag casadh le habhainn.

⁸⁶ Tá paróiste *Donore* os cionn trí mhíle soir ó pharóiste *Fennor*.

agus deir Price

baile = ‘a piece of land’ ... may be the present Fennor parish
in the bar. of Duleek. (1975:120)

Tá iontráil amháin in ARÉ a luann *Fionnabhair Breagh* mar a leanas:

Feidhlimidh, mac Criomhthainn, co slogh Mumhan 7
Laighen do thocht co Fionnabhair Breagh, do ionsadh fhear
mBreagh ... (7)

agus tá dhá léirléamh contráilte ag Ó Donnabháin maidir le suíomh an logainm sin *Fionnabhair Breagh* (7). Deir sé gur ‘Fennor, near Slane’ atá i gceist leis (ARÉ i:444, fónota b) agus deir sé go bhfuil *Fionnabhair - Breagh* ‘in the parish of Ardcath’ (vii:61).

Mar achoimre, is léir gur *Fionnabhar*, *Fionnabhar abha/ eaba* (*sic*) a tugadh ar *Fennor* sa chéad mhílaois agus san 11ú haois, agus is faoi chlaontuiseal a bhíonn an logainm le fáil go hiondúil. Is *Fionnabhar na n-ingean* (gar go Droichead Átha) a fheictear sa 12ú haois, agus tharlódh go raibh *Fionnabhair - Breagh* a luadh sa 9ú haois, suite in áit éigean níos faide ó dheas.

Maidir leis na foirmeacha Gallda, taispeánann an fhoirm *Finavir* (22) go mbíodh an fhuaim /v/ ar *-bh-* na Gaeilge sa 13ú haois, agus dá bhrí sin, léifinn an *-u-* san fhoirm *Finoure* (20), (21) mar /v/ nó mar *-bh-* na Gaeilge. Is cosúil go ndeachaigh an fhuaim sin i léig sa 14ú haois - faightear an dá leagan *Fynowre* (23) agus *Fynnore* (24) sa bhliain 1306. Ní fhaightear aon taifead ar an logainm ina dhiaidh sin go dtí an 16ú haois, agus uaidh sin amach is *Fynnor[e] /Ffenore /Fennore /ffenor* agus *Fen[n]or[s]* (24) - (55), (58), (59), (61) atá i mbunáite na bhfoirmeacha atá taifeadta, seachas foirm amháin ón 16ú haois a thaispeánann an *-u-*, .i. *Fynour* (28), agus seachas na foirmeacha fíorchorra *Fena*, *Fienan* (29). Maidir le foirmeacha Gaeilge na 19ú haoise, nuair a thug O’Conor cuairt ar an áit c1836 scríobh sé:

Fennor P is called Fionnair (OSL:140)

agus thaifead Ó Donnabháin an fogharscríobh *Fionnair* (56) don logainm chomh maith leis an seanfhoirm Ghaeilge *Fionnabhair Abha* (60) agus chuir sé an ghluais ‘white plain of the river’ leis, ach ní docha go bhfuil an míniú sin slán, mar a phléifear anois.

Feictear go bhfuil mínithe éagsúla don logainm cruinnithe ag Burnell, mar a leanas:

Fennor *finnabhair*, a white place
fionnabhair a white field
fionnúbhair a fair hill (2006:163)

Maidir le brí *Finnabhair*, deir Joyce gur aistrigh an scríbhneoir Jocelin mar *campus-albus* é, ach nár ionann *abhair* agus *campus* agus deir sé:

I suppose that this is intended to to express the fact that *Finnabhair* meant a whitish place Whatever may be the exact meaning of *abhair* here, we may take it that *Finnabhair* was locally applied to a whitish spot. (c 1870:273).⁸⁷

Mar a fheicfeadh thíos, ní dócha go bhfuil an tsanasaíocht *campus albus* slán.

Baintear leas as *Findabair/ Fionnabhair* mar ainm pearsanta agus comhfhuaimítear an t-ainm pearsanta *Findabair/ Fionnabhair* agus an logainm *Fionnabhair* (gin *Fionnabhrach*). Rianaíonn Mac an Bhaird sanasaíocht an logainm luaith *Fionnabhair* (gin *Fionnabhrach*) atá marcáilte ar léarscáil Ptolemy, chomh maith le sanasaíocht an ainm phearsanta. Deir sé gur mheasc Ptolemy ainm an chnoic atá gar do bhéal na hAbhann Caoile, le hainm na habhann i gcás *Finnabair Maige Inis*.⁸⁸

Ptolemy's OUInderios refers to *An Abhainn Chaol* but the name, in fact, represents a hill in the townland of *Finnabrogue* situated at the mouth of the river where it flows into *Strangford Lough* (1991-3: 11, §10.5).⁸⁹

De réir Mac an Bhaird:

⁸⁷ Chláraigh Hogan 22 iontráil de *Finnabair; Findabair; [Albus Campus]* agus na foirmeacha galldaithe *Finowre, Fennor, Finnor, Finner, Finver, Finnure* chomh maith. Tugann sé na foirmeacha ginidigh *Findubrach, Findubrec* freisin a bhfuil na foirmeacha Galldaithe *Fenora* agus *Finndubrach* orthu (*Onom Goed*:419-420). Ní dócha go bhfuil an tsanasaíocht *Campus albus* slán.

⁸⁸ Is sa bhaile fearainn *Finnabrogue* i bparóiste *Inch 2 ½* mhíle ó thuaidh de *Down* atá *Finnabair Maige Inis* (*Onom Goed*:430a).

⁸⁹ Deir Mac an Bhaird: 'The place was clearly of some importance and is well attested in early Irish ... texts' (Book of Armagh 8 b 1 *ab oriente Findubrec*, AU AD 1009 *a Finnabhair*, Bk of Leinster 2571 *a Finnabair Maige Inis* (*op cit*)).

The personal name *Findabair/ Fionnabhair* is equivalent to Welsh *Gwenhwyfar* and may be reconstructed in proto-Irish as *WINDOSÉBARIS ‘the white phantom’ (*ibid*).

ach

The place-name *Fionnabhair* gen. *Fionnabhrach* has a different origin and represents a proto-Irish *WINDOBRIGS gen. *WINDOBRIGOS* ‘white hill’. From this latter, transmitted as *WINDOBRIS, Ptolemy formed a Greek genitive:

*OINDOBRIS

*OINDORIOS. (*ibid*).

Mar sin glactar leis gurb iad na heilimintí FIONN agus BRÍ < *WINDOBRIGS gen. *WINDOBRIGOS atá sa logainm *Fionnabhair*. Ciallaíonn **Finn** ‘white’ (o - á. DIL 141 - 143) agus tá an focal **fionn** > **finn** > *WINDO pléite go minic i gcomhthéacs na dteangacha Ceilteacha (Matasovic 2009:423 agus Pokorny ii 1969:196).⁹⁰

Maireann an focal **Brí** (g, f. DIL 184, GOI §319), a chiallaíonn ‘brae, a hill’ i gcónaí (FGB:139) agus tá liosta breá de bhríonna le fáil sa dán ‘Temair’, féach:

Brí Scáil, Brí Airc, Brí Áine,
Brí Breg, Brí Ech, Brí Féle,
Brí Molt, Brí Dam, Brí Díle,
Brí Leith, agus Brí Éile (Met Dind i:41)⁹¹

Ós rud é go bhfuil *Fennor* i bparóiste Fennor, i mbarúntacht Dhamh Liag Íochtarach suite ar leitir chnoic nó learg, idir imlínte airde 50/60 agus 90 méadar, tá sé dóchúil gur cur síos aiceanta atá sa logainm, agus nach é an t-ainm pearsanta is bunús leis.

Frítheadh roinnt tagairtí stairiúla sna foinsí Laidine agus Bhéarla do *Fennor* i gContae na Mí agus in áiteanna eile le linn an staidéir seo.⁹² Mhair cuid díobh sin, ach éiríodh as a gcleachtadh mar logainmneacha i gcás cuid eile díobh, féach na

⁹⁰ Féach *gwyn* sa Bhreatnais, *fynn* sa Mhannanais, mar shampla.

⁹¹ Féach freisin *Brí Graige* (Met Dind iv:296). Is é *briga* an fhoirm Ghaillise (Ó Maolfabhail 2005:34). Luann Ó Maolfabhail samplaí an logainm a bhfuil teacht ar an eilimint BRIGA iontu sa Bhreatain Bheag agus san Fhrainc agus deir sé: ‘Ar an leithinis Ibéarach tá na scórtha logainmneacha ann inniu atá bunaithe ar *briga* agus ar fhoirmeacha eile den eilimint (*brica, brig, brigs*)’ (*ibid*:36). (Tá malairt léirléimh tugtha ar ‘Findubair later Finnabhair now Fionnúir’ ar an mbunachar Náisiúnta .i. *Vindo-Dubrix ‘a place on (or near) white water’ don *Fennor* atá i bparóiste Dhún Éanna, barúntacht Uíbh Fhailí Thiar, Chill Dara, ach níl sé seo deimhnithe (TS *logainm.ie* 2014). Dealaíodh na heilimintí óna chéile ar bhealach eile chun teacht ar an léirléamh sin, seachas an chaoi ar ndealaíodh iad chun teacht ar léirléamh Mhac an Bhaire (*passim*).

⁹² Féach freisin AD 1229-30 *Finoure* BÁC (CDI 1171-1251:267, 1787), *Finnor* PL? (CDI 1302-1307:301), 1540-1 AD *Fennor/ Fennour et Tankerston/ Tankerstowne* (CSL 1540-1:151, 287), 1546 AD *Tullaghnoe & Fynnor* (CI 1990:109-110), [c1695], *Fennor* (A 69 W & M 14 *ibid*:467).

leaganacha stairiúla atá le fáil i gContae Lú,⁹³ i gContae an Dúin,⁹⁴ gContae na hIar Mhí (AU iv:154), i gContae na Mí (CDI 1286-92:294),⁹⁵ i gContae Thiobrad Árann,⁹⁶ agus ?i gContae Chill Dara (Ó Murchadha 1996-97:27),⁹⁷ mar shampla. Luann Hogan *Finnabair* in *Ulster* agus in *Munster* freisin (*Onom Goed*:505, fonóta 3).

Eilimint bhisiúil atá in FINNABAIR/ FINDABAIR, agus í cáilithe le heilimint eile go minic, mar a léiríonn flúirse na dtagairtí atá cláraithe san *Onom Goed*. Deir Hogan go dtagraíonn *Mag Finnabrach* go *Fennor*, i bparóiste *Fennor* (an baile fearainn atá faoi chaibidil), nó, do *Fennor* i bparóiste Ard Cath (*Onom Goed*:506), ach tá an dá áit ar learga chnoic, muna mbíodh ciall níos leithne ag *Mag*.

Mar achoimre, is cosúil gur ‘learg chnoic fionn’ is brí le logainm seanbhunaithe Gaeilge *Fionnabhair* in Éirinn. Is de na heilimintí FIONN agus BRÍ (sa chiall ‘cnoc’), a díorthaíodh é.

Tá dhá *Fennor* i mbarúntacht Dhamh Liag – an ceann atá i bparóiste Ard Cath/ *Ardcath* i mbarúntacht Dhamh Liag Uachtarach agus an *Fennor* atá i nDamh Liag Íochtarach, a pléadh thuas. Maireann *Fennor* mar logainm ar dhá pharóiste agus ar chúig bhaile fearainn i gContae Thiobraid Árann [P], i gContae Phort Láirge,⁹⁸ i gContae Chill Dara, i gContae na hIarmhí, agus i gContae na Mí [P] go comhaimseartha (*logainm.ie*, 2012). Is mar *Finnure* a fhaightear an logainm i gContae Shligigh agus i gContae Aontroma (*logainm.ie* 2014). Is é Fionnúir an leagan Gaeilge atá ar *Fennor* san Iarmhí, i gContae Thiobraid Árann agus i gContae Phort Láirge de réir *logainm.ie* (2013).

⁹³ Féach mar shampla: *Findabair Chúalngi, Finnabhair Chúailnge* (TBC Recension 1. 1976, innéacs:309, línte 131, 978, 980,1032). ‘Fionnabhair Chuailnge, Cill Chlochair ceithre mhíle lastuaidh de Dhroichead Átha’ (Ó Cadhlaigh:1956:489).

⁹⁴ Féach: ‘Fionnabhair (al. F. Maighe Inis), Finnabrogue, par. Inish 2 ½ miles north of Down’ (FFÉ ii:152), a réitíonn le léirléamh Uí Dhonnabháin mar atá luaite in ARÉ, féach fonóta thuas. Theastódh a thuilleadh taighde chun suíomh na bh*Fionnabhair* Ultacha eile a leanas a aimsiú: ‘Cath Findabrach, ar thoit Daeth Derg do Mochthonna; 7 is atá Áenach Findabrach la hUltaibh’ (Findabair V, 312 §593a) Féach freisin: ‘Nim fuiregar Fionnabhair (in margin.i. ainm tíre i ccrích Uladh), ni fholomraim criochea, cinge go brí, brí gach n-ogus, uasal mo nemhedh, uindsi cuindis...’ (Gwynn 1942: 19).

⁹⁵ AD 1289-90 *Fynmore & Kells, Fothered* (op cit).

⁹⁶ *Finnure near Incherorik* [TÁ] (CDI 1302-1307:12, 18), *Fynnover* TÁ (CDI 1302-1307:286).

⁹⁷ Sílim gur *Fennor*, Damh Liag Íochtarach atá i gcéist leis an gceann seo, féach *Knockisland* [44].

⁹⁸ Luann Ó Foghludha *Fennor/ Fionnabhair* i gContae Thiobraid Árann agus *Fennor* eile i gContae Phort Láirge (gan dáta:31).

[58] JOHNSTOWN (ainm Gaeilge le deimhniú *logainm.ie* 2013)

Is ainm Béarla atá anseo nasctha le s + TOWN

- | | | | |
|-----|-----------|----------------------------|--|
| 1) | 1540 - 1 | Johnston | Possessiones ... de Lanthony CSL 1540-1:33 |
| 2) | 1540 - 1 | Johnston | IMP 1540-1: 60 ⁹⁹ |
| 3) | 1628 | Johnston ¹⁰⁰ | Inq Lag Car I :36 |
| 4) | 1654 - 56 | Johnstowne | CS 44, 48 (<i>Johnstowne & Bodnamrock</i> 44) |
| 5) | 1655 - 59 | Johnstowne | Is BN Goblet:248 |
| 6) | 1657 | Johnstowne | DS 1:5 |
| 7) | 1659 | Johns towne | Census :480 |
| 8) | c1668 | Johnstowne 1:15 | BSD Index |
| | | Johnstowne [Fennor Parish] | <i>ibid</i> 15, 1666 sa téacs |
| 9) | 1672 | Johnstowne | Is HD, Goblet:248 |
| 10) | c1830 | Johnstown | BS:AL, TC <i>logainm.ie</i> |
| 11) | 1812 | Johnstown | Co Map 1812:AL, TC <i>logainm.ie</i> 2010 |
| | | Johnstown | Is Larkin |
| 12) | 1836 | Johnstown | Quit Rents (Old Copy):AL |
| 13) | 1836 | Johnstown | GJ Rates (Old Docket):AL, TC <i>logainm.ie</i> 2010 |
| 14) | 1836 | Johnstown | HCSV:AL, TC <i>logainm.ie</i> 2010 |
| 15) | 1836 | Johnstowne
2 Johnstowne | DS:AL Is The Parrishes of Knockhammon
Painestowne Kentowne and Brownestowne
and Fenor by Edw ^d Wilson |
| 16) | 1836 | John's town | OD:AL, TC <i>logainm.ie</i> 2010 |
| 17) | 1830-40 | Johnstown | JOD:AL, TC <i>logainm.ie</i> 2010 |
| 18) | 1836 | Baile Sheoin | OC:AL, TC <i>logainm.ie</i> 2010 |
| 19) | 2010 | ' dzans ,təun | fogharscríobh |

⁹⁹ Féach freisin an leagan corr *Joanston* (IMP 1540-1: 314). *Johnston* atá ar lch 60 (*ibid*).

¹⁰⁰ Tá na háiteanna *Walterston, Julyanston, Johnston, Donnogh-patrick* luaite sa liosta.

Tá Johnstown mar logainm ar ocht mbaile fearainn i gContae na Mí a bhfuil ceann díobh le fáil i bparóiste *Fennor*, barúntacht Dhamh Liag Íochtarach. Is cosúil gur bhain *Johnston* (1) le paróiste *Duleek* sa 16ú haois, cé go n-áirítear le paróiste *Fennor* go comhaimseartha é (CSL 1540-1: 33). Is léir gur logainm den déanamh AINM + mír shealbhach +TOWN atá in *Johnstown* agus gurb é *John* an cáilitheoir.

Frítheadh tagairtí níos luaithe ná 1540-1 do bhailte atá ainmnithe *Johnstown* i gcontaetha eile, féach – *Jonestown* CD (AD 1308, CJI:79), *Johneston* (AD 1465, Ed IV SRPI i:389)¹⁰¹ agus *Johneston* BÁC (AD 1481, SRPI Ed IV ii:852, 864), chomh maith le tagairtí do *Johneston/ Jonnston* i gContae na Mí atá scríofa i gcáipéisí de chuid na 16ú agus na 17ú haoiseanna, a bhfuil deacrachtaí lena sainaitheint.¹⁰²

Cé go bhfuil roinnt daoine le stádas ard ainmnithe *John* luaite i luathcháipéisí na Laidine agus an Bhéarla a scríobhadh idir an 12ú haois agus an 14ú haois,¹⁰³ níl trácht ar *Johnstown* i bparóiste *Fennor* go dtí an 16ú haois.

Maidir le leaganacha Gaeilge an logainm, thaifead O’Conor na SO *Baile Sheóin* don *Johnstown*, paróiste *Fennor* atá á phlé anseo sa bhliain 1836. Thaifead ‘Fiachra’ *Baile Sheáin* agus thaifead Ó Donnabháin *Baile Sheonóid* (‘Johnot’s town’) do bhailte fearainn eile a bhfuil *Johnstown* orthu. Féach freisin gur gaelaíodh *John* ag deireadh na 13ú haoise, i logainm Bhéarla leis an struchtúr AINM + mír shealbhach + TON .i. *Oweniston* 1288 (CDI 1285-1292:204, 459).¹⁰⁴ Frítheadh luath-thagairtí do *Balyowyn* i gcáipéis na bliaina 1298-99 [Lm] (CDI 1293-1301: 260, 261),¹⁰⁵ agus do *Balyogan* [*Ballyowen?*], BÁC (CDI 1302-07:238).¹⁰⁶

Tá liosta le háireamh ag Ó Foghludha de leaganacha Gaeilge den logainm *Johnstown* mar atá sé le fáil i gcontaetha éagsúla: féach *Móin Ruadh* (*Johnstown Nugent* IM), *Baile Sheáin* CD, *Baile Sheonach* LG, *Cúirt an Phúca* CC agus *Fearann Tighe*

¹⁰¹ Féach freisin CGR:1,14

¹⁰² *Johneston* 1526 AD (Hen VII 21/82, CI 1991:10), *Johneston* 1533 AD (Hen VII 68/101 *ibid*:38), *Jonnston & Grenock* 1577 AD (Eliz 93/66 *ibid*:232), *Johnston* 1578 AD (Eliz 116/84 *ibid*:241), *Johnston* 1622 AD (A 27 *ibid*:449). Tá nóta san innéacs dóibh seo: M[eath] unid[entified] (CI 1991:629).

¹⁰³ I measc na ndaoine, ba mhó stádais, a bhfuil *John* mar ainm orthu, áirítear

(i) *John King of England, Lord of Ireland* (1167- 1216), a bhí i bhfeighil ar Éirinn ar feadh 6 mhí in AD 1185 agus a chuaigh i gcomharbacht mar rí Shasana sa bhliain 1199.

(ii) ‘*dominus Iohannus priorus Lanthonie iuxta Gloucestriam, tunc generalus porcuratorus canicorum dicte Lanthonue in Hybernia*’ idir 1220 agus 1227.

(iii) *John Easpag na Mí* sa bhliain 1325 agus

(iv) an *Pápa John XXII* ón mbliain 1326 (Cal Papal letters ii, 1305-1342:255).

¹⁰⁴ Owen [= ?Eoin, nó ?Eoghan] + is + ton < *Oweniston*

¹⁰⁵ *Baile eóin?* (Onom Goed:80).

¹⁰⁶ < ?*Baile Uí Ógáin*. Féach freisin *Baliugan* (BÁC) 1200 AD (CDI 1171-1251) Tá bailte fearainn ainmnithe *Ballyowen* i mBÁC, Luimneach, TÁ, Uíbh Fhailí go comhaimseartha, féach *logainm.ie*.

Eóin PL (gan dáta:40). An bhféadfadh sé go raibh an dá chóras ainmniúcháin – Gaelach agus Gallda - i bhfeidhm ag an am céanna sna háiteanna seo?

Tá an logainm *Johnstown* dailte ar 39 mbaile fearainn agus é le fáil i 15 chontae sa tír. Tá ocht *Johnstown* i gContae na Mí, ar bailte fearainn iad. Tá siad le fáil sna paróistí Domhnach Mór/ *Donaghmore*, Dún Seachlainn/ *Dunshaughlainn*, Fionnhrí/ *Fennor*, Damh Liag, Ráth Moliain/ *Rathmolian*, Ráth Cuair/ *Rath Cuair*, Maigh Fionnráithe Íochtarach/ *Moyfenrath Lower*, Áth Luimnigh/ *Athlumney* agus Cill Scíre/ *Kilskeer* sna barúntachtaí Ráth Tó/ *Ratoath*, Damh Liag Íochtarach, An Scrín/ *Skreen* agus Ceanannas Uachtarach/ *Kells Upper* faoi seach.

Barúntacht: Damh Liag Íochtarach

Paróiste: Julianstown

[59] **BALLYMAD** (ainm Gaeilge le deimhniú *logainm.ie*)

cf. [3] **BALLYMAD**

***Baile Mhada** (moladh an taighdeora 2014)

Barúntacht: Damh Liag Íochtarach

Paróiste: Julianstown

[60] **GLEBE** (ainm Gaeilge le deimhniú *logainm.ie* 2013)

Is logainm Béarla é seo (2014)

- | | | |
|------------------------|---------------------|---|
| 1) gan dáta [c1836]) | Glebeland Tds | OS/88/20:33 <i>Colp Julianstown and Kilsharvan Parishes</i> |
| 2) 1835/6 revised 1899 | Glebe Hse | Is SO |
| 3) 2014 | 'gli:b
ðe 'gli:b | fogharscríobh, Damian Mc Daid
Jim Curley |

Níor frítheadh tagairt stairiúil ar bith don logainm *Glebe* in *Julianstown* idir na blianta 1151 agus 1700 le linn tréimhse na taighde seo.¹⁰⁷ Tagraítear do *Glebelands* sa CS, agus tá liosta gearr cláraithe ansin dar teideal ‘Glebelands in the Sayd Barrony’ [Duleeke] (CS:45), ach ní bhaineann aon cheann díobh sin leis an mbaile fearainn seo, *Glebe* [60], paróiste *Julianstown*. Maidir leis an tagairt do *Glebeland Tds* (1) ón ainmleabhar thuas, bailíodh i gcomhthéacs *Smithstown* é. Bhí *Smithstown* teorantach leis na *Glebeland Tds* sa 17ú haois ar an taobh thiar de, féach:

Situations: Bounded on the North by Colpe ph on the East by Ballymad Julianstown West & Glebeland Tds on the South by Deministown East & Deministown West Tds on the West by Rogerstown Td (CS:45, Sheets 20. 21. 27. 28 [*dúch dearg*]).

De réir Skeat, is téarma ón 14ú haois é *glebe* (ón Laidin *gleba* ‘clod’) a chiallaíonn ‘land attached to an ecclesiastical benefice’, agus an chiall ‘land belonging to a parsonage’ aige sa tSean-Fhraincis (Skeat 1879-1892 (1963):236). Is í an Ghaeilge a chuireann Burnell air ná: *an-glaidhb/ gléib* agus miníonn sé an téarma:

rented land owned by or attached to the parish church
(Burnell:187)

nó mar a deir Mc Kay:

Glebe ... is of English origin and refers to land set aside
for the upkeep of a clergyman in a parish (2007:73).

¹⁰⁷ Ceadaíodh CDI 1151- 1307, CSPI ó Anraí VIII go 1670 AD, CJR go 1314 AD, *Reg. Fleming 1404-1416*, SRPI Anraí VI, SRPI Éadbhard IV, CS, Census 1659, Brit. Lib. Add. MS 41159 ‘Forfeited Estates Counties Meath and Louth 1700’.

Is cosúil nár baineadh leas as an téarma *glebe* in Éirinn go dtí an 15ú haois. Níor frítheadh ach trí thagairt stairiúla dó arbh í *Glebe of Mellifont* faoin mbliain 1431 an ceann is luaithe díobh (Reg Swayne:134). Frítheadh an dara ceann sa bhliain 1611 i measc mholtaí a rinne *Sir Oliver Lambert* leis na *Lords of His Majesty's Privy Council*:

That the parsons of rectors may have 60 acres of land for their glebe next adjoining to each church. The bishops to be moved to yield the same, taking so much land further off (CPSI 1611-1614, 1877:43).¹⁰⁸

agus ba é *Gleby* a luadh i measc tailte i gCorcaigh sa bhliain 1657 an tagairt eile (CPSI 1647-1660: 624). Tá *Gleby* luaite mar dhíorthach de *Glebe* in Skeat (*op cit*).

Maidir leis an 17ú haois, is sa CS, sa DS agus sna BSD a fhaightear foirmeacha éagsúla de *Glebe* i bparóistí éagsúla na tíre féach *Gleab* AD 1654 a scríobhadh sa CS, chomh maith leis an bhfoirm eisceachtúil *Gleabland* AD 1654; *Gleabe* a scríobhadh ar learscáil an DS AD 1655, *Gleebe Land/ Glebeland/ Gleab Land* a fhaightear sna BSD AD c1668 agus *Gleebe* AD c 1668 atá sa BS freisin (*op cit*).¹⁰⁹

Frítheadh dhá thagairt do *The Glebe* agus *glebe lands* a bhfuil baint acu leis an 18ú haois agus a bhfuil fáil orthu i mbailte fearainn eile de chuid Dhamh Liag Íochtarach, féach go dtagraítear do *The Glebe* mar theach mór a tógadh sa bhliain 1720:

The Glebe 'a fine two story house over basement ... formerly the rectory (Coveney et al:93)

Ní mé an tagairt stairiúil é 'tearmon' [> tearmann] atá ag Archdall agus é ag tagairt de thailte *Keran* mar 'glebe lands' mar a leanas:

The tearmon or glebe lands of Keran were burnt [AD 957] (1786: 522).

¹⁰⁸ Glacadh leis an moladh seo (*op cit*).

¹⁰⁹ Tá *Glebe* le feiceáil mar logainm ar léarscáileanna na 17ú haoise, féach Goblet BN 1655-9 agus HD 1672 AD, agus tá *Gleab* luaite le Contae an Dúin, *King's County*, Contae Chorcaí agus Contae Luimnigh (231-2).

Is faoin teideal *The Glebe Lands, Representative Church Body, Ireland, Act, 1875* a mhíníonn Eaglais na hÉireann an téarma ‘Glebe’ i reachtaíocht a achtaíodh sa 19ú haois:

The term "glebe" in this Act shall mean and include any house, with the piece or parcel of land attached thereto, occupied or to be occupied by any ecclesiastical person while having spiritual charge of any parish or district to which such house and land shall have heretofore belonged, or for which it shall be or shall have been granted or purchased or required as a residence for such ecclesiastical person whilst having such spiritual charge; and the term "ecclesiastical person" shall mean and include any archbishop, bishop, and clergyman of the said church (<http://ireland.anglican.org/information/61>)

Sainíonn bunrecht Eaglais na hÉireann gach a mbíonn i gceist leis an n*Glebe* idir an áit chónaithe agus foirgnimh eile, an gairdín, an *curtilage* agus na tailte, chomh maith leis an gcaoi a ndéantar bainistíocht air agus tugtar *glebe warden* ar dhuine tuatach den phobal a bhíonn freagrach as an mbiocaireacht nó an reachtaireacht (<http://ireland.anglican.org/cmsfiles/pdf/Information/Constitution/13.pdf>).

Níl *Glebe* ag Joyce, ná ag O’Conor, ná ag Flanagan & Flanagan. Tá 236 *Glebe* le fáil sna 32 contae d’Éirinn de réir *logainm.ie* 2013, agus tá leaganacha Gaeilge ar chuid díobh, féach *an Ghléib, An Ghleidhb, An Bansa*¹¹⁰ agus *An Seantóir* i gcontaetha éagsúla (*ibid*). Is é *An Ghléib* an leagan Gaeilge is coitianta a bhfuil teacht air, de réir *logainm.ie*. Is cosúil go bhfuil an fhoirm *An Ghleidhb*, a fhaightear i nDún na nGall, bunaithe ar chaint na ndaoine - tá leagan foghraíochta a bailíodh sa bhliain 1970 mar bhunús leis sin (*logainm.ie*). Tharlódh go bhfreagraíonn *Glebe* do logainmneacha Gaeilge nach aistriúchán ar *Glebe* iad i gcás *An tSráid* i nDún na nGall, *Cill Rónáin* i dTÁ¹¹¹ agus *Carraloan* i nDoire. Maidir leis *An tSráid*, tá sé tugtha mar leagan Gaeilge ar *Glebe*, ach níl aon taifead déanta ar aon fhoirm stairiúil de *Glebe* ar chor ar bith.

Is trua é nár bailíodh *Glebe* in éineacht le logainm áitiúil ach i ndornán de chásanna – a leithéide *Glebe of Kilconnell* (DG) *Glebe of Moyliffe* (TÁ) *Glebe of Erk* (CC), *Gleabland in Ballynemuch* (? Corcaigh), *Kullmyne; Gleabe land of ye same/ Killmeen Glebe/ Glebe Part of Kilmeen, Aughacrew Glebe* AD 1840, ar a raibh *Agherue Bishop*

¹¹⁰ Luadh *Banse o. Gleab (sic)* sa DS 1655 AD i gCC, mar shampla, féach *logainm.ie*.

¹¹¹ Tá 9 *Glebe* i Liostaí Logainmneacha TÁ, *An Ghléib* ar 8 gcinn díobh agus tá *Cill Rónáin* ar an 9ú ceann (Ó Cearbhaill 2004:197-8).

Land c1655. Faoin am a shroichtear an 19ú haois, is iad na foinsí a ceadaíodh (atá luaite sna hainmleabhair) ná: *Local, Tithe Ledger* agus *County Cess* agus is í *Glebe* an fhoirm is minice den logainm sin atá le fáil iontu, seachas *Aughacrew Glebe* thuasluaite. Ní fios cén dearcadh i bhí ag daoine áitiúla (*Locals* de réir na nAinmleabhar) ar na bailitheoirí, nó cén intinn a bhí ag na bailitheoirí agus iad ag fiosrú an logainm *Glebe*, ach níor tharla sé gur bailíodh *Glebe* in éineacht le logainm de chuid an bhaile fearainn ina bhfuil an *glebe* suite sa 19ú haois ach i gcásanna fíor-eisceachtúla, de réir na samplaí atá curtha ar *logainm.ie* 2013.

An Ghléib a thugtar mar leagan Gaeilge ar na *Glebe* siúd atá fiosraithe ag taighdeoirí *logainm.ie* (2013).

Barúntacht: Damh Liag Íochtarach **Paróiste:** Julianstown

BAILE IÚILIÁIN (deimhnithe, *logainm.ie*)

[61] JULIANSTOWN EAST/ JULIANSTOWN SOUTH/ JULIANSTOWN WEST

***Baile Iúliain Thoir/ Theas/ Thiar** (roghanna an taighdeora 2014)

- | | | | |
|-----|-------------------------------|---|--|
| 1) | [c.1202-10] | [ecclesiis de] Anya
[ecclesiam de] Nanie | ICL:36, XXIX, cf.
AH 2008:251 |
| 2) | 1211
[1211-13]
c1213-17 | [ecclesiam de] Any
[ecclesiam de] Anie
[ecclesiam de] Anie | <i>ibid</i> 77, LIX
<i>ibid</i> 62, XLVIII
<i>ibid</i> 58, XLVII |
| 3) | 1214-15 | [men of] Anye | CDI 1171-1252:83, 529 |
| 4) | 1215 | [valley of] Anye | <i>ibid</i> :104, 673 |
| 5) | [1221] | [ecclesiam de] Annii | <i>ibid</i> 40, XXXVI |
| 6) | 1227 | [church of] Anye | CDI 1171-1252:234, 1555 |
| 7) | [1228] | de Anya
[sancte Marie] de Anye | ICL:123, CXXXII |
| 8) | 1228 | [ecclesie de] Anya
[ecclesia sancte Marie de]
Anye | <i>ibid</i> :123, CXXXII |
| 9) | [c. 1230-34] | [ecclesiam de] Anie | <i>ibid</i> 83:LXVIII |
| 10) | [c.1231-33] | [ecclesiam de] Ania | <i>ibid</i> 41, XXXVII |
| 11) | [1231 -50?] | [de ecclesia de] Anya
[ecclesia] de Anye [iuxta
Calpe]
[ecclesiam de] Anye] | <i>ibid</i> 37, XXXI |
| 12) | [1231 -50?] | [ecclesie de] Anya
[ecclesiam de] Anie | <i>ibid</i> 39, XXXV |
| 13) | Gan dáta
?c 1233 | [Taxacio ecclesie de] Nanye | <i>ibid</i> 146, CLVII, cf.
AH 2008:298, 302, fonóta 29 |
| 14) | [1233] | [ecclesia vero] de Ania | <i>ibid</i> 47, XXXVIII |
| 15) | c 1260-90 | [ecclesie de] Nanye | <i>ibid</i> :124, CXXXIII |
| 16) | 1242 | [ecclesiam de] Anie ¹ | <i>ibid</i> 24, XVI aistrithe Julianstown
in AH 2008: 307 |
| 17) | 1306 | del Auney | CJR 1305-1307:309 |
| 18) | 1310 | [ecclesie de] Nany
[legales milites de visu del]
Nany
ecclesie del Nanye (X 2) | <i>ibid</i> 127, 128-9, CXXXIX, CXL
(aistrithe Julianstown, AH 2008: 337) |

¹ D'aistrigh AH mar 'Julianstown' é seo (2008: 307).

		[ecclesie predicte del] Nany	
19)	1341	Julianeston	Charter, CGR 37 f.36
20)	1396	Julianeston	Charter <i>ibid</i> :34 f.30d.
21)	1401	Iulianeston	ICL:138, CXLVII
22)	1408	[Ecclesia de] Nany [cum suis membris] Iulyaneston	<i>ibid</i> :182-3, CLXV
23)	1409	Nany	Reg. Fleming:113, 117
24)	1426	Julianeston	Reg Swain: 49 (TS <i>logainm.ie</i>)
25)	1471-2	[la ewe de la Nany] [la ewe de Nany] ²	SRPI i:790, <i>ibid</i> 794
26)	1535	Julianseston	Hen. VIII 72/107, CI 1991:41
27)	1540-1	Julyanston x 2	CSL 1540-1, 33
28)	1546	Julyanston	Hen. VIII 193/56, CI 1991:109
29)	1605	Julianstowne	J1 26/25, <i>ibid</i> :334 ³
30)	[1510]	Julianston	Inq Hen. VIII (Brodigan):AL 28 ⁴
31)	[1540] ⁵	Julianston __ [Julianstown East]	Inq.Hen VIII (Brodigan):AL 29
32)	[1540]	Julianston __ [Julianstown West]	Inq Hen VIII (Brodigan):AL 30
33)	[1540]	Julianston __ [Julianstown South]	Inq Hen VIII (Brodigan):AL 35 <i>Copy of Inq (Brodigan)</i>
34)	1616	Julyanston	CI 1990:451, A 32
35)	[idir 1625 & 1649]	Julienston [Julianstown East]	Inq.C.1, AL 1836:29
36)	[idir 1625 & 1649]	Julyanston [Julianstown East]	Inq.C.1 AL 1836:29
37)	1641	Boile Giollan	Ó Donnchadha 1931:36
38)	1654-1656	Julianstowne [P] [X 3] Julianstowne [X 6]	CS 5, 6 [X 2] 5 [X 3], 6 [X 2], 48
39)	1657	Jullianstown Parrish Jullianstowne Julyanstowne 6	The Parrishes of Killcarvan, Colpe & Julianstown by W ^m Farrand, An Exact Copy by Dan ^l O'Brien Surv ^r DS Innéacs The Barrony of Duleeke ⁶
40)	1657	Jullyanstown Julyanstown	NBBP Co. M:100 (TT <i>logainm.ie</i>)

² Chuir an t-eagarthóir an t-aistriúchán ‘Nanny water’ leis seo.

³ Féach ‘the property formerly belonged to L.Lanthyony priory’ (*ibid* fonóta 2).

⁴ ‘2nd yr of Hen 8th’. Níl an dáta luaite ar TT *logainm.ie*

⁵ Tugtar an dáta ‘32nd yr Hen 8th’ leis seo.

⁶ Cláráithe ar AL 28 freisin.

41)	[1657]	<i>Julianstown East</i>	DS AL:29
42)	1655-9	Julianstown [P]	Is BN, Goblet:22
43)	1659	Julyans Towne [P] Julyans Towne Julian Town Bridge	Census:482
44)	c1668	Julianstown 11:18 Julianstown	BSD Index ⁷ <i>ibid</i> 18, 1666 sa téacs
45)	1672	Iullianstown [P]	Is HD, Goblet:22
46)	1689	Iulianstoune	Is Petty
47)	1739	Julianstown X 2	RDD AW i: 259. 598
48)	1777 corrected to 1783	Julianstown Ch	T&S, Andrews 1969:2
49)	1777	[Julianstown East]	[<i>Julianstown East</i> ar] Archdall (King) AL:29, TS <i>logainm.ie</i> Archdall Mon Hib (White):538
50)	1786	Julianston	Archdall Mon Hib (White):538
51)	<i>Gan dáta</i> [1803]	Julianstown [P]	<i>Wilson's</i> Book of Roads, NBBP Co. M:100, a: AL:29 <i>Julianstown East</i>
52)	1792	Julianstown [P]	Beaufort's memoir [1739-1821] NBBP Co. M:100
53)	1795	Julian'stown [P]	Seward's Top. Hib. (in ord aibítreach) NBBP Co. M:100, CN
54)	1802	Julianstown? Julianstowne? [P]	Thompson's Stat Survey NBBP Co. M:100 ~?-e#
55)	1809	Julians T [P]	Scale's Atlas NBBP Co. M:100
56)	1810	Julianstown [P]	Carlisle's Top. Dic., NBBP Co. M:100
57)	1812	Julianstown	Co. Map:AL 28
58)	1812	Jullianstown [<i>Julianstown East</i>	Co Map:AL 29
59)	1812	Jullianstown [<i>Julianstown West</i>	Co Map:AL 30
60)	1821	Julianstown [P]	HCPR, NBBP Co. M:100
61)	1821	Julianstown? Julianstowne? ⁸ [P	Arrowsmith's Map, NBBP Co. M:100
62)	1824	Julianstown? [P]nó Julianstowne? [P]	Beaufort's Map, NBBP Co. M:100 ? -e#, Féach freisin AL:28
63)	1824	Julianstown [P]	HCSV, NBBP Co. M:100 (TT <i>logainm.ie</i>) Féach freisin AL:28
64)	1824	Julianstown part [<i>Julianstown East</i>	HCSV AL:29
65)	1824	Julianstown part [<i>Julianstown West</i>	HCSV AL:30
66)	1826	Julianstown [P]	HC Educ.Rpt 1826: NBBP Co. M:100

⁷ Níl aon *Julianstowne* le fáil ar lch 11 den BSD.

⁸ Tá an -e# doiléir.

			Féach freisin AL:28 (TT logainm.ie)
67)	1826	Julianstown [<i>Julianstown East</i>]	HC Educ.Rpt 1826 AL:29
68)	1829	Parish of Julianstown	BS:AL 28 (TT <i>logainm.ie</i>)
69)	1829	Julianstown East	BS:AL 29
70)	1829	Julianstown West	BS:AL 30
71)	1829	Julianstown south	BS:AL 35 <i>Received Name</i>
72)	1830	Julianstown [P]	TCB:AL (TT <i>logainm.ie</i>) NBBP Co. M:100
73)	1830 [<i>recte</i> 1820]?	Julianstown [P]	Irish Eccles Reg, NBBP Co. M:100
74)	1830	Julianstown	TCB:AL 28
75)	1831	Julianstowne ? [P]	Hse Commns Do [= <i>Ecclesiastical</i>] Enquir. NBBP Co. M:100 [?-e#]
76)		baile iulilian	OSL:131 (an bunlámhscríbhinn)
77)	1836	Baile Iulilian	OC:AL 28 (TT <i>logainm.ie</i>)
78)	1835/6 revised 1899	Julianstown	Is SO
79)	[? 1829]	Parish of Julianstown[?e]	BS:AL NBBP Co. M:100.
80)	[Gan dáta]	Juliantowne	Old Copy of Quit Rents :AL 28
81)	[Gan dáta]	Julianstown	Gd J Rates (Old Docket):AL 28
82)	1836?	Julianstown East	Received Name:AL 29
83)	1836?	Julianstown West	Received Name:AL 30
84)	1836?	Julianstown south	Received Name:AL 35
85)	1836	Julianstown [P]	NBBP Co. M:100
86)	1836	Julianstown	JOD:AL 28
87)	Gan dáta	Julianstown Part ____ ¹⁰ [<i>Julianstown East</i>]	GJ Rates (Old Docket):AL 29 Copy of Inq (Brodigan)
88)	Gan dáta	Julianstown Part [<i>Julianstown West</i>]	GJ Rates (Old Docket):AL 29 1836, ¹¹ <i>logainm.ie</i>
89)	1836	Julianstown Part	HCSV:AL
90)	Gan dáta	Julianstown Part [<i>Julianstown West</i>]	HCSV: AL 30
91)	Gan dáta	Julianstown Part [<i>Julianstown South</i>]	HCSV: AL 35

⁹ Ní thugtar aon dáta leis an tagairt seo. Níl an -e# soiléir.

¹⁰ Ní luaitear ‘Part ____’ ar *logainm.ie*.

¹¹ Is faoi PARÓISTE DLÍ atá an tagairt seo ar *logainm.ie*, agus is í an fhoinsé ‘Gd Jury Map’ (gan dáta) atá mar údarás aici san AL.

92)	1837	Julianstown [P]	Lewis Top. Dic:32
93)	[1836]	Julian Towne	Quit Rents (Old Doc) (TT <i>logainm.ie</i>)
94)	1835-36 revised 1899	Julianstown [P]	Is SO
95)	1836	Baile shlidheain/ Iuiliean[P] Julian, a family name Baile Iuliaín [P]	pl:AL 28 <i>logainm.ie</i> (2014) OD:AL OC: AL <i>logainm.ie</i> (2014)
96)	1905	Baile Iúilian (Baile Ghiolláin)	Laoide 1905-11:78
97)	c 1930	Baile Iúilian (Baile Ghioláin)	Ó Foghludha gan dáta [c 1930]:40
98)	1969	Baile Iúiliáin	AGBP:55
99)	2010	'dzu:liəans, təun	fogharscríobh, Grace Larkin, Damian Mc Daid

Is logainm paróiste é *Julianstown* agus tá *Julianstown East*, *Julianstown South*, *Julianstown West* ar bhailte fearainn i bparóiste *Julianstown*, barúntacht Dhamh Liag, Contae na Mí freisin. Is é an struchtúr atá ar *Julianstown* ná AINM PEARSANTA + s sealbhach + TOWN. Is sa bhliain 1341 a frítheadh an logainm *Julianstown* den chéad uair, ach níor cáilíodh le príomhaird an chompáis *East/ South/ West* é go dtí an 16ú haois, féach (31), (32), (33) thuas. Is cosúil le logainm Béarla é.

Tagraíodh don pharóiste *Julianstown* in aimsir Anraí VIII, an tréimhse staire ar roinneadh i dtrí rann é - *East/ West/ South Julianston*. Frítheadh tagairtí do *Julianstown East* (35), (36), (41) sa 17ú haois agus san 18ú haois (49). Mhair an sainléiriú *East/ South/ West Julianstown*, atá le fáil i samplaí ón 19ú haois, go dtí an lá inniu. Chuir Ó Donnabháin síos ar shuíomh pharóiste *Julianstown* mar seo sa bhliain 1836:

Situation: In Duleek Lower having 2 tnlands in Upper Duleek
(NBBP 1836).

Bhí logainm Gaelach ar *Julianstown* roimh an 16ú haois, a bhfuil teacht air go minic i gcáipéisí Laidine na 13ú haoise; is é sin *Anya/ Nanie/ Any/ Anie/ Anye/ Annii/ Annie/ Ania / Auney/ Nany* (uile sa tuiseal tabharthach leis an réamhfhocal *de*¹² - aistrithe ‘of’ - rompu) féach (1) go (17) thuas. Bhí an logainm seo ar marthain ag tús na 14ú haoise, féach *Auney /Nany /Nanye* (17), (18). Is léir go bhfuil rian alt na Gaeilge le sonrú sna

¹² nó an réamhfhocal Francach + alt (Francach): *del*

foirmeacha atá le fáil sna cáipéisí Laidine agus Fraincise *Nanie* (1), *Nanye/ Nany* (13), (15), (18), (22), (23), agus faightear an sampla *Nany* (23) i gcáipéis de chuid na 15ú haoise freisin. Tá an t-alt reoite sna foirmeacha seo, agus tagraítear don abhainn *The Nanny Water* > An Ainghe/ An Ainí i gcónaí, de bharr míthuisceana ar alt na Gaeilge a bheith reoite san eilimint NANNY, ní foláir. Ar ndóigh ní hamháin go bhfuil alt na Gaeilge reoite san ainmfhocal, ach tá alt an Bhéarla curtha roimhe, faoi mar a deirtear go háitiúil, go comhaimseartha, *The Nanny* nó níos minice *The Nanny Water*.¹³ Feictear na hailt Fraincise agus Gaeilge in éineacht sna samplaí *del Auney* (17), *del Nany[e]* (18) agus sa sampla *la Nany* (24) freisin. Níl aon dabht faoi, ach gurb é an logainm Gaelach *Aingne* a bhíodh ar an áit (agus leagan traslitrithe Laidine nó Béarla déanta de) mar, sainíodh an áit *Anye iuxte Calpe [Colp]* (11) i gcáipéis a scríobhadh *circa* 1231-50. Ba sa bhliain 1408 a frítheadh an fhoirm *Nany* agus *Iulyaneston* le chéile in aon cháipéis amháin den chéad uair, nuair a áiríodh *Iulaneston*, *Rogereston*, *Myneston* agus *Nynche* le sealúchas an eaglais faoin teideal *Ecclesia de Nany com suis membris* (22),¹⁴ agus tá na ceithre bhaile fearainn sin mar chuid de pharóiste *Julianstown* go comhaimseartha.

Is don abhainn a thagair an logainm Gaeilge *Oingae/ Ainge* sa 9ú haois, de réir FSÁG I (2003:33).¹⁵ Taifeadadh gur bádh ‘Cionaeth, mac Conaing, tighearna Ciannachta Breagh i nAinge’ sa bhliain 849, agus go raibh cumha ar an slua nuair a chonaic siad

a arrbhi bháin fors an tráig ós Aingi uair (849 ARÉ i:480).

Cuireadh breac-Laidin ar an eachtra céanna i dtuairisc eile:

Rí Ciannachta demersus est in lacu .i. in Angi (851 Chron Scot:150).

Ach faoin 13ú haois, thagair *Anye/ Anya* do cheantar na hAingne freisin: féach *the men of Anye* 1214-1215 (3) sa Tábla thuas),¹⁶ *The knights of the valley of Anye* 1215 (4) sa Tábla thuas), *the church of Anye* 1227 (6) sa Tábla thuas).¹⁷

¹³ ‘The beautiful Nanny water which flows through Julianstown is the outstanding feature of the parish’ (Berrill, Brennan, Cunningham, Delaney, McEntee, Seery Tiernan 1985:7). ‘Naney Water’ atá marcáilte ar Is an DS (Down Survey, cóip a rinne Dan¹O’Brien de Is W^m Farrand).

¹⁴ Féach freisin: ‘*Anya* or *Nanie*, ‘*Anya next Colpe*’ is *Julianstown* on the *Nany river (Ania)* (ICL:xxxix).

¹⁵ Féach *Onom Goed*:21. Féach freisin *flumini Oengae et Saele* (PTBA:160).

¹⁶ Bhí neamhchinnteacht i n-intinn eagarthóra na foinse as ar tógadh an tagairt seo maidir le suíomh *Aney*. Féach faoi *Anye*, *Anya*: [?Aney or *Knockaney*] (*ibid* innéacs:482). Is léir ó ainmneacha na ndaoine atá luaite sa cháipéis (*Hamon*, *William de Lascy*, *Amfridus de Dena*, *Roger de Tuit* mar shampla), nach *Knockaney* i Luimneach atá i gceist leis an áit seo, ach *Ainghe* i gContae na Mí. Tharlódh gur bhain an *Manor of [Anya]* ... and a yearly fair at his manor of *Anya* AD 1226 le Contae Luimnigh (*ibid*:214).

¹⁷ Luadh an séipéal go minic in ICL, féach (1) - (16) sa Tábla thuas.

Maidir leis an athrú go *Julianstown*, is cosúil gur thosaigh sé ag tarlú i lár na 14ú haoise, go raibh tréimhse ann nuair a bhí an dá logainm in úsáid, agus go raibh an t-athrú déanta dearfa faoin 16ú haois. Go hachomair, tagraíodh don bhaile fearainn mar a leanas:

c1202-1210 go ?1310 *Anya/Nanie/Any/Anie/Anye/Annii/Ania/Nanye/Auney/Nany*
1341/ 1396/ 1401 *Julianeston / Iulianeston*
1408 *Nany/ Iulyaneston*
1409 *Nany*
1426 *Julianeston*
1471 [*de la Nany/ de Nany*]
1535 go dáta *Julianseston/ Jul[l]yansto[w]n[e]/ Julienston]/ Julianstown[e]*

Is léir ón bhfianaise sin, gur baineadh leas as *de Nanye/ del Nanye* (18) sa bhliain 1310, sula raibh trácht ar *Julianeston/ Iulianeston* (19), (20) mar atá sna blianta 1341 agus 1396. Faightear an dá logainm in éineacht .i. *de Nany/ Iulyaneston* (22) chomh deireanach leis an mbliain 1408, ní a thaispeánann gur baineadh leas as an dá logainm ar feadh tréimhse nach mór chomh fada le céad bliain. Is léir mar sin, go raibh an seanlogainm in airde réime ó c1202-10 go dtí AD 1341. Ansin, bhí sé inmhaltaithe nó in éineacht leis an logainm nua go dtí gur thóg an logainm nua *Julianstown* áit an tseanainm *Ainghe* i gcónaí ón mbliain 1535 i leith, féach (26) - (36), (38) - (74), (78) - (94).

Tharlódh go raibh gá sa 15ú haois, le hidirdhealú a dhéanamh idir ainm na habhann agus an talamh thimpeall air, mar tagraíodh do *la ewe de la Nany/ la ewe de Nany* (25) < *ewe* (= *eau* a chiallaíonn ‘uisce’) i gcáipéis Francise a scríobhadh sa bhliain 1471-2. Ar ndóigh, tagraítear go comhaimseartha do *The Nanny [Water]* nuair is í an abhainn a bhíonn i gceist, agus tagraítear go comhaimseartha do leaganacha *Julianstown* nuair atá an paróiste agus na bailte fearainn i gceist.

Is fiú fiosrú cé as ar tháinig an eilimint JULIAN an t-am a d’athraigh an logainm. Ní fios cé chomh fada agus a bheadh logainm in úsáid sula scríobhfaí i gcáipéis oifigiúil é, agus ní fios cé acu - an sloinne **Julian* nó an t-ainm pearsanta **Juliana* - ba cheart a thóráíocht, ach déanfar iarracht duine cuí a aimsiú más féidir, a mhair sa 13ú haois nó luath sa 14ú haois, abraimis idir 1228 agus 1340, chun teacht ar an té a thug sloinne nó ainm do *Julianstown* (nár taifeadh go dtí AD 1341).

De réir ÓD 1836 ‘Julian is a family name’ (95),¹⁸ ach níl an sloinne *Julian* luaite aige i measc na ‘Family Names’ de chuid Chontae na Mí mar atá siad cláraithe aige in OSL. Luaitear *Roger Preston of Rogerstown Irish Papist* ag a raibh 270 acra talún (CS 6),¹⁹ ach níor luadh aon duine leis an sloinne *Julian* orthu i mbarúntacht *Duleek* sa bhliain 1640 (CS:47). Níl an sloinne luaite i measc na n-iompaitheach 1702-1838 ach an oiread (O’Byrne, Chamney 2005), ná i gcomhthéacs fhearannais fhorghéillte na bliana 1700 (Horner and Loeber 2011:59-179) ná i *Census* 1659, ná ag Berrill, Brennan, Cunningham, Delaney, McEntee, Seery, Tiernan (1985).

Ar ndóigh, is fíor-ghann atá na tagairtí do dhaoine leis an sloinne *Julian* orthu sna foinsí Laidine is sine a ceadáíodh don tráchtas .i. ICL, CDI, agus CJR (go dtí an 14ú haois) - is é an t-ainm pearsanta a thaifeadtar go hiondúil. Mar shampla, frítheadh tagairt do thalamh *Iuliane sororis Yuonis* i mBÁC sa bhliain 1211 (ICL:76, LIX), ach mhair sise ró-luath le go mbeadh tionchar aici ar an logainm *Julianstown* ar cláraíodh an chéad taifead dó sa bhliain 1341 cf. (19) sa Tábla thuas.²⁰ Aimsíodh tagairt do *William Julian* agus *Fulk Julian* a bhí ag feidhmiú mar atornaethe do dhaoine éagsúla in Éirinn sna blianta 1284 agus 1299 faoi seach, ach bhí siadsan i Sasana (*ibid*:513, 2220).²¹ Aimsíodh tagairt do *Walter Julian of Drogheda* sa bhliain 1282 (CDI 1252-1284:419, 1907), ach fiú má rugadh eisean an bhliain sin (ní nach dóchúil) bheadh sé beagnach 60 bliain d’aois sa bhliain 1341 - an bhféadfadh sé gur mhair an *Walter Julian of Drogheda* sin sách fada le go n-ainmneofaí *Julianstown* ina dhiaidh?

Maidir leis na mná, ainmnítear *Juliana Preston* sa traidisiúin áitiúil i ndán le J.A.May²² mar a leanas:

A lovely lady gave thee thy name Lady *Juliana Preston* was that lady’s name, who gave your sweet village its charm and fame (Seery, Tiernan 1985:8).

Tharlódh go raibh baint ag an mbean sin le muintir Phreston, as Teach *Gormanston* ag pointe ama éigin ach, má bhí fhéin, is go hearráideach atá a hainm nasctha leis an logainm, mar níor luadh aon duine den ainm ná den sloinne *Julian* nó *Juliana* ar

¹⁸ ÓD:AL (TT logainm.ie). ‘Sloinne’ a bhíonn i gceist ag OD le ‘family name’. Féach freisin: ‘Father Paul Walsh says that the name is derived from the English or Norman surname Julian’ (Ward 1967:61).

¹⁹ Is i bparóiste *Julianstown* atá *Rogerstown*.

²⁰ Luadh *Juliana de Clare* le *Cathair Choirme/ Cahercorney* in aighneas faoi thalamh a bhí ar bun idir a mac *Ricard de Raleye* agus a fear *Nicholas* sa bhliain 1307, ach is i Luimneach a bhí sise (CJR 1305-1307: 388-9).

²¹ Féach freisin CDI 1293-1301:275, 580 AD 1299, agus CDI 1302-1307:96, 278 AD 1303.

²² Níor éirigh liom dáta a chur ar dhán J.A. May.

cheachtar de dhá chraobh ghinealaigh *Preston*, atá le fáil in CGR, le linn na tréimhse ama ábhartha .i. thart ar AD 1341 nó roimhe.²³

Luadh bean eile - *Juliana* bean *Roger de la More* sa bhliain 1306 i gcomhthéacs tailte ‘in Paynestown’ ag tús na 14ú haoise (CJR1305-07:185). An bhféadfadh sé gur ainmníodh an baile fearainn lena hainm siúd, mar tá an baile fearainn *Paynestown* i bparóiste Cholptha/ *Colp* ó thuaidh de pharóiste *Julianstown* agus níl idir *Julianstown* agus *Painestown* ach *Smithstown*?²⁴

Níor thángthas ach ar *Iuloinn* amháin in Annála as Breifne, faoin mbliain 1285 sa lámhscríbhinn 23 F 12, mar a thugtar thíos:

1285 Seafraidh Sliosal agus mac Iuloinn do dhul air chreich air Ó Raghallaigh: agus maidhm do thabhairt for Ghallaibh ag Loch Laighde; agus mac Iuloinn agus a mhac do mharbhadh ann (De hÓir 1970:65).

Ba dheacair talamh slán a dhéanamh de, go raibh aon bhaint ag an *Iuloinn* sin le hainmniú *Julianstown* - ní bheadh sisean ach trí bliana níos óige ná an *Walter Julian* thuasluaite.

Deir Woulfe maidir le *Gilleán, Gillian, Julian, Julien*

a personal name introduced by the Normans (1923:292)

²³ Tosaíonn craobh amháin le gabhaltas a bhronn *Strongbow* ar *Maurice*, agus leanann sé ar aghaidh go dtí 1414 (CGR:xiii). Tosaíonn an craobh eile le *Philip* (nach bhfuil aon dáta luaite leis), ar phós clann a chlainne *William* in 1307 (*ibid*:xi). Leanann an craobh seo go dtí an bhliain 1478. D’fhéadfadh sé go raibh *Juliana* ar bhean de mhuintir *Preston* sna céadta thimpeall ar an 17ú haois, ach baineadh leas as *Julianstown* mar logainm ón mbliain 1341 i leith, féach (19) ar lean sa Tábla thuas. Ní ainmnítear infon ar bith le Jenico *Preston* (CGR:110). Luaitear *Preston* eagsúla in Curtis (1932-1970) ach níl aon tagairt do *Juliana* ansin.

²⁴ Luaitear *Will Fitz Robert* mac le *Robert [de Hamas]* agus a bhean *Juliana* i gcáipéis ‘touching the advowson of the church of Anye sa bhliain 1227, (6) sa Tábla thuas. Deir Brooks agus é ag tagairt do chairt CXXXII a scríobhadh sa bhliain 1228, (7) sa Tábla thuas, ‘a release of the advowson of the church by William son of Robert and *Juliana de Hamas* his wife, suggests that the place took its name from this lady’ (ICL:xxiii). Ní fhéadfadh sé seo a bheith amhlaidh, ámh, mar níor thosaigh an logainm ag athrú ó leaganacha *Anya/ Nanye* go *Julianstown* go dtí lár na 14ú haoise, mar a taispeánadh thuas agus bheadh *Juliana de Hamas* cailte le fada sular tugadh *Julianstown* ar an áit. Ní fhaightear *Julianston* i gcáipéis ar bith go dtí AD 1341, os cionn 110 bliain i ndiaidh na bliana 1227– am luaite *Willelmi Filius Roberti et Juliana de Hamas*. Chomh maith leis sin tá *ecclesiis de Anya/ ecclesiam de Nanie/ Anye/ Anie/ Ania/del Auney/ de[] Nanye/ ecclesia de Anye iuxta Calpe* i measc 21 de na samplaí a scríobhadh ón mbliain 1227/8 go dtí an bhliain 1310 i dtrí fhoinsé éagsúla, féach (6) - (18) sa Tábla thuas. Is achar é sin atá beagán le cois 80 bliain i ndiaidh an taifid ar *Juliana [de Hamas]*. Deir Cuffe: ‘In 1227, the prior of Lanthony appointed Richard, canon of Lanthony to act for him in a dispute with William FitzRobert and his wife Juliana, hence Julianstown, concerning the church there’ (1963:30). Níl an tagairt (ICL) a thugann sé cruinn, ámh.

ach, mar a léiríodh thuas níor thángthas ar aon fhianaise chun tacú leis an ráiteas a leanas:

Julianstown, Co. Meath, was probably the first home of the family in Ireland (*ibid*).

Deir Reaney & Wilson:

In ME *Julian* was both masculine and feminine and both are represented in the surnames. Latin *Julianus*, from *Julius*, the name of a Roman *gens* [treibh], and *Juliana*, its feminine were both names of saints and both names were popular, the latter particularly as *Gillian* (1958:199-200).

Deir Morlet:

Ce nom ... a été popularisé par plusieurs saints, notamment par le martyr auvergnat de Brioude ... Le féminin Julienne est ... popularisé par la sainte martyre de Nicomédie, grande sainte d'Orient, introduite prob. dans le martyrologe romain pendant le pontificat de saint Grégoire le Grand [6ú haois]. Cette sainte était particulièrement honorée au Moyen age ...(1991:547).

Tacaíonn an liosta de 11 *Iulian[a]/[us]* atá liostaithe i bhFéilire Uí Ghormáin (372-3) lena bhfuil ráite ag Reaney & Wilson agus ag Morley.

Is deacair a rá, ceal fianaise, gur ainm mná nó ainm fir atá mar chéad-eilimint *Julianstown*. Ach tá trácht ar an naomh *Juliana* i Leabhar Fhear Maí (Henthorn 1870:29) a ndéantar ceiliúradh ar a féile ar Feabhra 16 de réir Fhéilire Óengusso [FO], Fhéilire Uí Ghormáin [Mart Gor], agus Fhéilire Dhún na nGall [Mart Don].

Mar achoimre, (i) luaitear mac le *Iuloinn* áirithe i dtéacs Gaeilge ón mbliain 1285 - seans go mbeadh an *iuloinn* sin róshean faoin am a cláraíodh *Julianeston* sa bhliain 1341. (ii) Maidir le sloinne a bheith mar cháilitheoir an logainm, seans go mbeadh *Walter Julian of Drogheda* a luadh i gcáipéis na bliana 1282 róshean freisin. (iii) Más ainm pearsanta atá i gceist, luadh beirt .i. an naomh *Juliana* atá tugtha i dtrí fhoinse dúchasacha agus (iv) *Juliana* bean *Roger de la More* a mhair in *Painestown* ag tús na 14ú haoise. Mar sin, tharlódh gur ainm mná atá sa chéad eilimint, agus d'fhéadfadh sé gur ón naomh *Juliana* a díorthaíodh cáilitheoir an logainm, murar féidir ceangail chinnte a dhéanamh le *Juliana* bean *Roger de la More*, a mhair siar ó thuaidh de *Julianstown* in *Painestown* sa tréimhse cuí.

Maidir le leaganacha Gaeilge, is é an ceann is luaithe a bailíodh don staidéar seo ná *Boile Giollan* (37) a scríobh Ó Mealláin sa 17ú haois nuair a bhí sé in éineacht leis na Gaeil ag *Cath Bhoile Giollan*. Is fíor spéisiúil an téacs as ar tógadh an sampla *Boile Giollan*. Is cinnta é a scríobh

an tAthair Toirdhealbhadh Ó Mealláin O.S.F.M., ón mBreantur i gCo. Thír Eoghain ... tuairisg ar an gcogadh i gCúige Uladh agus i gCúige Laighean fé Sir Feidhlim Ó Néill, agus fé Eoghan Ruadh ó bhliain a 1641 go dtí 1647 (Ó Donnchadha, ‘Torna’ 1931).

D’imeodh beagnach trí chéad bliain thart sula scríobhfadh O’Conor:

Julianstown ph. is called Baile Iulian (OSL:131).

Tugtar na foirmeacha *Baile shlidheáin/ iuilieán* (95) san ainmleabhar. Is *Baile Iúilian/ Baile Ghiolláin* (96) a bhí ag Laoide ag tús na 20ú haoise, *Baile Iúilian/ Baile Ghioláin* (97) a scríobh Ó Foghludha c.1930, agus is *Baile Iúiliáin* (98) a bhí in AGBP sa bhliain 1969. Is iad na leaganacha eile atá tugtha ar bhunachar na SO ná: *Baile Iuilian, Baile Ghioláin, Baile Iulian, Baile Iúláin, Baile Giollan, Baile Iuilian (dubhoch = dúch) / Baile shlidheain/ Baile Iuilien (peann luaidh)* (logainm.ie 2013) agus *Baile Ghiolláin*.²⁵ Ar ndóigh, baineann cuid de na samplaí thuas le *Gillin* agus cuid eile díobh le *Julian*.

Tá an baile *Julianstown* roinnte ina dhá chuid i láthair na huair de réir *logainm.ie* (2010); tá cuid amháin de i bparóiste *Julianstown* i nDamh Liag Íochtarach agus is i bparóiste *Ballygarth* i nDamh Liag Uachtarach atá an chuid eile de. Is é *Baile Iúiliáin* leagan deimhnithe Gaeilge *Julianstown* (logainm.ie 2014).

Tá dhá *Julianstown* eile i gContae na Mí, a bhfuil ceann díobh san *Obair/ Nobber* agus an ceann eile i bparóiste Bhaile an Chaisleáin/ *Castletown*. Is i mbarúntacht Mhachaire Gaileang/ *Morgallion*, Chontae na Mí atá an dá bhaile fearainn eile sin.

²⁵ Tá *Julianstown* eile i gCC, ach is *Gillinstown, bolliá-ning-illawnach* (Carrigan III. 454, TS *logainm.ie*) a bhíodh airsean. Deimhníodh Baile na nGileánach dó sa bhliain 1986 (NÓM *logainm.ie* 2014).

Barúntacht: Damh Liag Íochtarach **Paróiste:** Julianstown
[62] MINISTOWN

Is logainm Béarla é seo, sloinne Sasanach (ón Sean-Bhéarla *Midnith*) a nascadh le s + TOWN in Éirinn, de réir nós na gcoilíneach.

- | | | | |
|-----|---------------------|---|--|
| 1) | c1290 | ?Midnythestoun
Midnithstoun | Charter, CGR 34, f.31 (P 5071) |
| 2) | c1290 | Midnicht's town
Midnycht's town (X 2)
Mindnichiston
Midnicheston | Charter, <i>ibid</i> :34, f.31d,
Charter, <i>ibid</i> :35 f.32, <i>ibid</i> :35 f.32d,
<i>ibid</i> :35-6 f.33
<i>ibid</i> :36 f.33d |
| 3) | idir 1175
& 1397 | Mynyghteston | <i>ibid</i> :2, f.1 |
| 4a) | 1322 | Mynnissetoun (<i>sic</i>)
<i>recte</i>
Miθnithiston? | Charter, <i>ibid</i> :36, f.34d <i>recte</i> (?)
(P 5071 ar clé) f. 34c? líne 1 |
| 4b) | | Minnissetoun
<i>recte</i>
? (a)Mθnitheston | Charter, <i>ibid</i> :36, f.34d
P 5071 4 líne ón mbun |
| 5) | 1341 | Minnichtestoun
Mynissetoun | Quit-Claim, <i>ibid</i> :37, f.35
Charter <i>ibid</i> :37, f.35d, ? <i>recte</i> f 36, líne 1 |
| 6) | 1342 | Mynnyghteston | Quit-Claim, <i>ibid</i> :38, f.36d |
| 7) | 1372 | Mynnyngestoun
Mynnynestoun
Mynnynestoun | Fine, <i>ibid</i> : 185, tras-scríofa ón Laidin
Fine, <i>ibid</i> :38 f.37 d. [aistriúchán] |
| 8) | 1408 | Myneston | CLXV, ICL:182 (<i>Teideal</i> 178)
<i>Aistrithe</i> AH 2008:380, 383 |
| 9) | 1540-1 | Mynestons | CSL 1540-1:33 |
| 10) | 1575 | [both the towns of]
Mineston | F 2698, IFTS Vol II 1558-1586:358 |
| 11) | 1605 | [both Meanstowns] | J 1 26/25, CI 1991: 334 |
| 12) | 1629 | Ministon | A42, <i>ibid</i> : 455 |
| 13) | 1631 | Mynneston | Car 74 Inq Lag ²⁶ |
| 14) | c 1640 + | in Myneston
Midiniston | Car I 157 <i>ibid</i> |
| 15) | [gan dáta] | vil' de Myneston, | Car I 160 <i>ibid</i> : <i>Dextra</i> A) |

²⁶ Seo téacs na cáipéise: 'Tho' Bathe de Drogheda, nup defunct' & Joh' Barnard de eadé mercator, etiam nup defunct', seis' fuer', ad us' Tho' Hamlyn & hered s, de vil' & ter' de ... Diwleeke ... Corballyes, 1 toft' & 12 acr' in Mynneston coiter vocat' Seaversland, & vil' de Gillenston contin' 4 mes' & 60 acr'... ' (*op cit*).

		Myneston	
		Myneston, Middinston	<i>Sinistra</i> B líne 13
16)	1631	Mynneston	Car I 74 <i>ibid</i>
17)	1655-9	Ministowne	Is BN, Goblet:310
18)	1654-56	Ministowne	CS:5, 6, 49
19)	1657	Ministowne 6	DS Is. 1. The Parrishes of Killcarvan, Colpe & Julianstown by W ^m Farrand. An exact copy by Dan ^l O'Brien Surv ^r . 2. ²⁷
		Ministowne [7H]	
20)		Ministowne 6	DS Innéacs, Dn Survey, [féach freisin OS/88/20:37]
21)	c1668	Ministowne -	BSD Index <i>ibid</i> 18, 1663, 1668 sa téacs
22)	1672	Ministowne	Is HD, Goblet:310
23)	1771	Minitstown	Egerton Ms 1760
24)	1786	[both the towns of] Mayneston	Archdall Mon Hib (White):538 <i>féach freisin</i> 4/4 TS <i>logainm.ie</i> , Archdall from (King):AL:37 OS/88/20
25)	1787	Mininstown	Map of Betaghstown (Sheppard) OS/88/20:37
26)	1812	Minitstown	County Map 1812, OS/88/20:37
27)	[1824]	Ministown	HC Sy & Valu Rept OS/88/20:37
28)	1829	Ministown	Boundary Sketch 1829, OS/88/20:37
29)	[1830]	Minitland	Tithe Composition Book OS/88/20:37
30)		Mineston	Inq temp Car 1: OS/88/20:37
31)	1836	Baile Mhinit	OS/88/20 :37
		Baile Mhinit	Peann luaidhe
32)	1836	Ministown	JOD, OS/88/20 :37
33)	1836	Ministowne	Old Copy of Quit Rents, OS/88/20:37
34)		Ministown	Docket for Gd Jury Rates, OS/88/20:37
35)	1835/6 revised 1899	Ministown	Is SO
36)	2010 2014	'minəs, təun	fogharascríobh, Paddy Lenihan, Vincent Rooney

²⁷ Tá an nóta a leanas scríofa ar an Is: '7H: In the same Parrish in Ministowne W^m Ham?rin Ir:pap:prop' Is é *William* ainm an 'proprietor'. Is deacair a shloinne a léamh; sílim go mb'fhéidir gur *Hamlin* atá ann. Seasann 'Ir:pap:prop' le haghaidh 'Irish Papist, Proprietor.'

Is i bparóiste *Julianstown* i mbarúntacht Dhamh Liag Íochtarach i gContae na Mí atá an baile fearainn *Ministown*. Is logainm dhá mhíre é i mbunáite na samplaí a bailíodh ón 17ú haois i leith – *Mini-* agus *town* agus *s* sealbhach an Bhéarla á nascadh le chéile, seachas cheithre leagan atá le fáil san iolra agus na leaganacha luatha a phléifear ar ball. Tugann na leaganacha iolra le fios dúinn gur tógadh baile nua, gar don seanbhaile sa tréimhse idir na blianta 1408 agus 1540. Is iad sin *Mynestons* (9), *both the towns of Mineston* (11), *both the towns of Mayneston* (22) agus an leagan corr *both Meanstowns* (11) a scríobhadh i gcáipéisí na mblianta 1540-1, 1575, 1605 agus 1786 faoi seach. Is san uimhir uatha a fhaightear an logainm ina dhiaidh sin arís.

Is logainm den struchtúr SLOINNE + *s* sealbhach + TON/ TOUN/ TOWN[E] é *Ministown*, agus is iad foirmeacha an tsloinne atá le fáil in CGR sa bhliain 1290 ná *Minitht*, *Midnicht*, *Mydnycht*, *Midnycht*, *Mindnich*, *Mindnith*.²⁸ Bhí an sloinne i Sasana sna 12ú, 13ú agus 14ú haoiseanna - féach *Midnicht*, *Midnihte* 1221 AD, *Midnyght* 1327 AD a mhíníonn Reaney & Wilson mar:

Birth at noon or midnight might well have been considered sufficiently noteworthy to warrant commemoration by name (1958:239).²⁹

Is iad na foirmeacha a bailíodh do chéad eilimint *Ministown* ná ?*Midnyth-*/*Midnith-* (1), *Midnicht-*/*Midnycht-*/*Mindnich-*/*Midnich-* (2), *Myn[n]yght-* (3), (6), *Minnicht-* (5), *Mynnyn[g -* (7), [*Min[n]is -] recte Mi~~θ~~nith-* (4a),³⁰ *Min-* (10), (12), (17) - (21), (25), (26), (28), (30) - (33), *Myn[n] -* ?(5), (8), (9), (13) - (16), *Mean-* (11), *Mid[d]in-* (14), (15), *Mayn-* (22), *Minin-* (25) agus *Minit-* (23), (26), (29). Is focal Gearmánach é *midnicht* ar ndóigh, a chiallaíonn ‘meán oíche’ agus is í *mid-niht* foirm na hAngla-Sacsainise (Skeat athchló 1963 [1879-1892]: 327).

Tá an dá fhoirm *Mid[d]in-* agus *Myn-* le fáil i gcáipéis (14), agus i gcáipéis (15). Is cosúil gur leagan earráideach atá i *Mayn-* (24), ní a chuireann iontas orm, mar go

²⁸ Féach: *John Midnith*, *John Midnicht* (CGR:34, f.31, f.31d), *John Mydnycht* (*ibid*:35 f.32, f.32 d), *John and William Midnycht* (*ibid*:35 f.33), *John Mindnith*, *son of William Mindnith*, *Adam de Mindnich* (*ibid* 36 f.33d)

²⁹ Is é *Wilfrich Midnith* AD1199-1208 an sampla is luaithe den sloinne a thugann Reaney & Wilson i Sasana (*ibid*), ach ní raibh an sloinne le fáil in Éirinn go dtí deireadh na 13ú haoise.

³⁰ Cheadaíonn miocrascannán an Is, P5071 sa LN, atá scríofa i Laidin, mar bhíos in amhras faoin bhfoirm *Minnisetoun* atá scríofa in eagrán Mills/ McEnery 1916. Rinneadar tras-scríobh ar fhormhór na logainmneacha san eagrán (d’aistríodar fórmhór na gcáipéisí go Béarla chomh maith), ach anois is arís bhaineadar leas as leagan comhaimseartha logainm. Tá sé fíor-dheacair an Is a léamh, agus fíor-dheacair córas uimhrithe na bhfóiliúna atá ag Mills & McEnery a dhéanamh amach. Ní fhaca mé aon **Minnis[s]etoun* in aon áit ar fhóilió 34 ná ar fóilió 35 den mhíocrascannán de CGR, P5071 sa LN, ámh.

mbíonn leaganacha Archdall ‘cruinn’ coimeádach agus dílis do na luathfhoinní eaglasta a bheadh ar fáil dó go hiondúil (cf. an Réamhrá). Bíonn an #M- den logainm maisithe go minic sa lámhscríbhinn, féach 4b) thuas (agus sílim go mb’fhéidir gurbh shin é an fáth go raibh *Maynestown* (24) ag Archdall). Is cosúil gur earráid atá san fhoirm *Mynnynestoun* (7) - tá an dá leagan *Mynnyngestoun* (7) sa cháipéis Laidine sin freisin - ní thugann na heagarthóirí Mills & McEnery ach *Mynnynestoun* (7) san aistriúchán a rinne siad ar an gcáipéis seo.

Is iad foirmeacha na haidiachta sealbhaí a taifeadadh ná: *-es-* (1), (2), (3), (4b), (5) - (10), (13) - (16), (24), (30), *-se-* (3), (5),³¹ *'s-* (2), *-s-* (1), (11), (23), (26), (29), *-is-* (2), (4a), (12), (14), (17) - (22), (27), (28), (32) - (35). Tá éagsúlacht sna foirmeacha thuasluaite, de bharr guta neamhaiceanta a bheith mar chuid den aidiacht shealbhach uaireanta, is dócha, agus a bheith fágtha ar lár uaireanta eile.

Cé is moite de na foirmeacha *Mininstown* (25), *Minitstown* (26), *Minitland* (29), ní raibh rian fanta den dara siolla de *Midnight-/ Mynnyng-* srl faoin 15ú haois, ach caomhnaíodh an guta a bhí i seanfhoirm na haidiachta sealbhaigh *-es-/ -is-*, mar atá le feiceáil sna samplaí a bailíodh, ó (8) ar aghaidh.

Is iad na foirmeacha a taifeadadh don dara heilimint ná *toun* (1), (4a), (4b), (5), (7), *ton* (2), (3), (4a), (4b), (6), (8), (10), (12) - (16), (24), (30), *town[e]* (1),³² (2),³³ (17) - (23), (25) - (28), (32) - (35), agus tá *land* (29) le fáil mar phríomheilimint i sampla amháin. Léirítear an t-iolra sna samplaí *tons* (9), agus *towns* (11).

Mar is léir ó na samplaí a bailíodh, bhí roinnt éagsúlachta i litriú an tsloinne in Éirinn, agus baineadh leas as go leor foirmeacha de sa logainm. Is léir gur ón sloinne *Midnight-/ Midnycht-* (2) a scríobhadh sa 13ú haois a díorthaíodh an cáilitheoir, ach tháinig roinnt athruithe air i gcaitheamh na n-aoiseanna, mar a léireofar thíos.

Comhshamhlaíodh an *-d* ag deireadh an chéad tsiolla de ‘midnight’ le *-n-* tús an dara siolla sa 14ú haois, féach *Minni-* (4b), *Minnicht-* (5), *Mynnyght-* (6), *Mynnynng-* agus *Mynnyn-* (7).

Cé go raibh consan coguasach cuimilteach roimh an *-t* ag deireadh an dara siolla fós le sonrú sa 14ú haois *Minnicht-* (5) [neamhghlóraithe], *Mynnyght-* (6) [glóraithe], athraíodh go consan coguasach srónach é i gcás *Mynnynng-* (7).³⁴ Níl a fhios ag an taighdeoir seo cén luach foghraíochta a bhí ag an litir theta i lámhscríbhinn CGR, féach

³¹ D’fhéadfadh sé go bhfuil meititéis déanta ar an aidiacht shealbhach san fhoirm seo *-se-* (5).

³² Tá litriú nua-aoiseach ag na heagarthóirí anseo, nach bhfuil i sampla eile (1).

³³ Tá meascán de sheanlitriú agus litriú nua-aoiseach ag na heagarthóirí anseo.

³⁴ Fágadh an *-t* ar lár i sampla amháin de (5) agus i samplaí (7).

Miθnith (4a), Mθnith (4b), thuas, ach maidir le deireadh na heiliminte, is léir gur athraíodh an consan coguasach cuimilteach go consan ailbheolach cuimilteach sna samplaí sin.

Agus, má bhreathnaítear ar fhormhór na samplaí ón 15ú haois i leith, féach (8) – (30), (32) - (35), beidh sé soiléir gur cailleadh an dara siolla uile iontusan.³⁵

Maidir le *Minitisland* (29), d'fhéadfadh sé go dtagraíonn sé don talamh thimpeall ar an mbaile, ach téann sé thar scóp an staidéir seo é sin a chinntiú.

Is cosúil nár cuireadh aon leagan Gaeilge ar *Ministown* go dtí an 19ú haois. Is spéisiúil gur roghnaigh Ó Donnabháin *Minit-* (29), leagan an TCB, foinse choimeádach eaglasta (a choinníonn dhá shiolla *midnight*)³⁶ mar bhunús an leagain Gaeilge *Baile Mhinit* (31). Scríobhadh an nóta 'Minit, a family name' i bpeannluaidhe san AL. Is cosúil go léiríonn a bhfuil scríofa i bpeann luaidhe san AL, gur bailíodh an t-eolas sin go háitiúil, ach dá mbeadh daoine ann a raibh an sloinne **Minnit* orthu an t-am sin, bheifí ag súil go mbeadh daoine den sloinne sin thart inniu. Níl aon sloinne cosúil ag Woulfe (1923), ámh. Níl taifead ar a leithéid de shloinne le fáil i *Census* 1911, ná i *Census* 1659 (Pender 1939), ná sna *Convert Rolls 1703-1838* (O'Byrne, Anne Chamney, 2005) ach an oiread. Ar ndóigh bhí an ceart ag Ó Donnabháin gur sloinne a bhí ann, cé gur cosúil nach raibh leaganacha de aige (sa 19ú haois) a thaispeánfadh gur ón sloinne *Midnight* a díorthaíodh *Minit*, foirm de *Midnight* atá athraithe as cuimse. Níl ach duine amháin leis an sloinne cosúil *Minnitin* le fáil i leabhar fóin Bhaile Átha Cliath 2012 – áit a bhíonn sloinnte as gach uile thaobh den tír le fáil.

³⁵ Tá an chosúlacht ar *Mid[d]in* (14), (15) gur leagan earráideach atá ann, mar tá *Mynneston* le fáil sna cáipéisí céanna leis.

³⁶ Tá an *d-* comhsamhlaithe leis an *-n-* agus an consan cuimilteach coguasach fágtha ar lár san fhoirm *Minit*. Ar ndóigh chuir sé struchtúr na Gaeilge ar *Ministown* agus infhilleadh an cáilitheoir de réir rialacha na Gaeilge chun teacht ar an bhfoirm *Baile Mhinit*.

[63] NINCH / AN INSE (ainm deimhnithe *logainm.ie*, rogha an taighdeora 2014)
 (Féach freisin [9] LAYTOWN/ BETTYSTOWN, paróiste Cholptha)

- | | | | |
|-----|-----------|--|--|
| 1) | 1290 | le Nynche | 36 ICL:232 |
| 2) | c1290 | del Nynche X 2 | CGR 35, f.33; 36 f.33d |
| 3) | 1292 | [G. de] la Nynch | CDI 1285-92:501 |
| 4) | 1467-8 | Nynche | SRPI i:562 |
| 5) | 1302 | [Iohanne] de Nynch | XC, ICL:96 |
| 6) | 1314 | Nynche/ <i>le</i> Nynche ³⁷ | CGR 31, f.26d. |
| | | <i>le</i> Ninche X 3 | <i>ibid</i> :31, f.27 |
| 7) | 1322 | dil Nynche X 2 | <i>ibid</i> :36, f.34d |
| 8) | 1341 | del Nynche x 2 | Quit-Claim <i>ibid</i> :37, f.35 |
| | | <i>le</i> Nynche | <i>ibid</i> :37, f.35d. <i>le</i> aistrithe ‘the’ |
| | | del Nynche X 2 | ag Mills/Mc Enery |
| 9) | 1342 | de Nynche | Quit-Claim <i>ibid</i> :38, f.36d. |
| | | del Nynche | del aistrithe ‘of the’ ag Mills/Mc Enery |
| 10) | ? lár na | <i>le</i> Nynch | <i>ibid</i> :38, f.36d. |
| | 14ú haois | | [idir 1175-1397 AD] |
| 11) | 1382 | del Nynche | Indenture of demise, <i>ibid</i> 32, f.27d. |
| 12) | 1384 | del Nynch | Quit-Claim, <i>ibid</i> 32, f.28d. |
| 13) | 1388 | del Nynche | Quit-Claim <i>ibid</i> 33, f.29 |
| 14) | 1389 | del Nynche x 4 | <i>ibid</i> 33, f.29 |
| | | <i>le</i> Nynche | |
| 15) | 1396 | Nynche | Charter <i>ibid</i> f.30d. |
| 16) | ?12ú - 14 | <i>le</i> Nynche | <i>ibid</i> :2, f.1 (CGR:1175 – 1397) |
| | haois | | |
| 17) | 1408 | Nynche | CLXV ICL:183 (<i>Teideal</i> 178) |
| 18) | 1465 | Ninch/Nynch | SRPI Ed IV i:563 |
| 19) | 1527 | Nynche X 2 | Hen. VIII 33/43 CI 1990:19, 35/87, <i>ibid</i> :20 |
| 20) | 1530 | Nynche | 51/30 <i>ibid</i> :29 |
| 21) | 1531 | Nynche | 59/95 <i>ibid</i> :33 |

³⁷ Tá *le* scríofa sa bhunlaidin (P 5071), aistrithe ‘the’ san eagrán

22)	1532	Nynch	62/98 <i>ibid</i> :34
23)	1533	Nynch	68/101 <i>ibid</i> :38
24)	1535	Nynch	72/107 <i>ibid</i> :41
25)	1540-1	Le Nynche et Leyton	Possessiones ... de Lanthony, CSL:33
26)	1570	[John Preston of] Ninch	Eliz 50/38 CI 1991:196-7 Fonóta (3):
27)	1587	Ninchibegg	Eliz 184/108 <i>ibid</i> : 272
28)	1587	Nynch & Leyton	A 28 <i>ibid</i> :449, féach freisin A 35 <i>ibid</i> :453.
29)	1592	Leytowne le Inch	A16 <i>ibid</i> :444 ³⁸
30)	1605	(Ninch) & Leyton	J I 26/25 <i>ibid</i> :334 ³⁹
31)	1630	Nynch & Leytowne X 2	Car I 61 Inq Lag
32)	1654-56	Ninch	CS 5, 6,49
33)	1655-9	Ninch	ls BN, Goblet:324
34)	1657	Ninch Ninch 6	DS 6 Innéacs
		Ninch	DS ls W ^m Farrand, cóip le Dan ^l O Brien
		4b part of Ninch	<i>ibid</i>
		4b In the Ninch	<i>ibid</i>
35)	1657	5 Leiton	<i>ibid</i>
36)	1659	Nynch	Census:482
37)	c1668	Ninch 18	BSD Index
			<i>ibid</i> 18, 1666, 1668 sa téacs
38)	1672	Ninch	ls HD Goblet:324
39)	1683	Ninch	DS AL:38 OS/88/20
		Layton	<i>ibid</i>
40)	1777	Nynch	T&S:2 Pulished as the Act directs 29 (?20)
	corrected		July 1778.'
	1783		
41)	1787	Nunch	Map of Betaghstown belonging to
			Sheppard esq date 1787 AL:38, OS/88/20
			(TT <i>logainm.ie</i>)
42)	1812	Ninch	Co Map 1812 AL:38, OS/88/20
			Larkin (<i>logainm.ie</i>)
43)	1824	Nunch and Laystown	HCSV AL:38, OS/88/20

³⁸ Cf. 'Grant of Stevanston, ... & ... Dunnamannagh *alias* Muncks land in Leytowne near le Inch, co. Meath, to use...' (*op cit*).

³⁹ cf. 'Bracketed names from fiant, no. 2698' (*op cit*, fonóta (1)).

44)	1829	Ninch	BS 1829 AL:38 OS/88/20 (TT <i>logainm.ie</i>)
45)	1830	Ninch	HCTCB:AL OS/88/20:38
46)	1836	An innse An Innse	OS/88/20:38 (OD:AL <i>logainm.ie</i>)
47)	[?1836]	A ninse	Peannluaidhe, OS/88/20:38
48)	1836	[?] A ninse	dúch:AL ‘A ninse, the island or holm’
49)	[1836]	Ninch	Old Copy of Quit Rents AL:38 OS/88/20 [Cár scríobhadh an dáta?] :Quit Rents (Old Copy):AL an taifead eile
50)	[1836]	Nunch and Laystown	GJ Rates AL:38 OS/88/20
51)	1835/6 revised 1899	Ninch East Ninch West	Is OS
52)	[?1836]	Ninch	JOD:AL, Faoi Received Name
53)	1969	An Inse	AGBP 56
54)	1993	An Inse	Séadchomh. Náis. <i>logainm.ie</i>
55)	2009	,ðe'nintz = ‘The Ninch’	fogharscríobh, Paddy Lenihan
	2014	,ðe'nintz	Vincent Rooney, Damian Mc Daid

Tá an t-ainm *Ninch* ar bhaile fearainn i bparóiste *Julianstown* i mbarúntacht Dhamh Liag Íochtarach Chontae na Mí. Is logainm coitianta Gaeilge é *Ninch*, atá díorthaithe ón téarma *Inis* sa tuiseal tabharthach leis an alt roimhe. Is léir nár thuig na Normannaigh go raibh an t-alt Gaeilge á chloisteáil acu agus é táite leis an ainmfhocal, nuair a thaifead siad *Nynch[e]/Ninche* mar ainm ar an mbaile fearainn sa bhliain 1290.⁴⁰ Is suimiúil freisin gur chosúil gur bhraitheadar an t-alt uathu, nuair a chuireadar an t-alt Francach roimh *Ninch*, bíodh sé firinscineach - *le Nynche* (1), (8), (10) *srl* nó baininscneach - *la Nynch* (3). Is suimiúil freisin go gcloistear an logainm leis an alt i gcónaí sa tríú mílaois, féach /,ðe'nintz/ [‘The Ninch’] (54). Mar sin is logainm é a bhfuil dhá alt sna leaganacha is luaithe agus is deireanaí a bailíodh don staidéar seo – ceann Francach agus ceann Béarla, agus an dá cheann sin le fáil in éineacht leis an alt táite Gaeilge atá intuigthe san eilimint NINCH (< An I-). Faightear an réamhfhocal Fraincise *de* + alt Fraincise giorraithe roimh *Nynch[e]/Ninch* freisin, féach *del Nynche* (2), (8) *srl* agus *dil Nynche*

⁴⁰ Féach logainmneacha eile a bhfuil consan deireadh an ailt greamaithe leis an bpríomheilimint, *Navan* > An Uaimh, *Naul* > An Aill, *Nobber* > An Obair, *Nurney* > An Urnaí, *Newry* > An Iúraigh, *Nenagh* > An Aonach, mar shampla.

(7). Fanadh dílis don fhoirm *Nynch[e]/ Ninch* den chuid is mó – níor frítheadh ach trí shampla a raibh an guta athraithe go –u- iontu, féach *Nunch [and Laystown]* (41), (43), (50).

De réir an AL dar teideal *Colp Julianstown and Kilsharvan Parishes*, bhí píosa de *Nynch* suite i *Ministown* (OS/88/20:37).⁴¹

Maidir le leaganacha Gaeilge an logainm, bhí an tuairim ag Walsh⁴² gurb ionann *Ninch* agus *Inis Finmic/ Inis Findmaic*⁴³ a luadh c1100, a d'fhéadfadh a bheith mar cheann de *insibh Airthir Breg* (AD 851, AU i:362). Easpag i bhí in *Findmac* de réir Mart Gor (214, Nov 10). D'aithnigh Ó Donnabháin gur logainm Gaeilge a bhí in *Ninch* agus thaifead sé *An Innse* (46) atá scríofa faoi *Received Name* san Ainmleabhar. Mhínigh sé mar 'the inch, strath or holm' é.

De réir DIL, is í an bhunchiall atá ag *inis* ná 'an island' agus tá an téarma coitianta i logainmneacha (270). Oireann an míniú tíreolaíoch a thugann O'Conor níos fearr do *Ninch/ An Inse* atá faoi chaibidil, nuair a deir sé:

... it may also be used in the sense of 'water meadow', or land abutting on to a river and subject to periodic flooding (2001:93).

Míniú Ó Maolfabhail an dá bhrí atá le *hinis* agus is í an dara bhrí atá i gceist i gcás *Ninch* .i.

... tuigtear áit a bhíonn fliuch nó faoi uisce go rialta... Tá foirm eile, *inse*, in úsáid taobh ar taobh le *inis* agus *inse* araon agus tá sé le fáil go coitianta istigh i logainmneacha, mar shampla, *An Inse/ Laytown*, *Baile na hInse/ Ballynahinch* [Dn], *Moin na hÍnse/ Monahincha* [TÁ], *Droichead na hInse/ Islandbridge* [BÁC]. Freisin is foirm iolra *inse* taobh ar taobh le *insí* (2005:67-8).

Ar ndóigh is cuid de thuilemhá na hAiní/ *Nanny Water* talamh na hInse agus bíonn fuarlaigh ann ó am go ham nuair a bhriseann An Ainí a bruacha. Chomh maith leis sin, tá An Inse/ *Ninch* suite ar chósta Mhuir Éireann ar a mbíonn rith mara agus rabhartaí

⁴¹cf. 'MINISTOWN Situations: ...One detached Part of Nynch in this Townland' (*op cit*). Tá an píosa seo marcáilte 4b ar ls an DS *The Parrishes of Killcarvan Colpe and Julianstown* (W^m Farrand, cóip le Dan^l O'Brien).

⁴² Bhí sé seo scríofa ar chóip Walsh den *Onomasticon Goedelicum* atá sa leabharlann i Muileann gCearr.

⁴³ AD 853 an dáta atá tugtha in *Cogadh G re G: 22* (Scríobhadh an téacs seo sa 12ú haois), agus *Inch near Balrothery, county of Dublin* atá luaite ag Henthorn leis (*op cit*:lxix). Féach freisin *ibid*:230. Aontaíonn Hogan leis an léirmhíniú seo ar shuíomh *Inch near Balrothery* (Onom Goed 1910:465).

freisin. Féach an tuairisc seo ar na fuarlaigh a tharla in 1986 nuair a bhris An Ainí a bruacha:

[The] storm swollen river [Nanny] burst its banks ... flood waters [reached] up to 4 feet in places... Nanny [is] not capable of carrying large volumes of water (Irish Times 27 August 1986).⁴⁴

Tá os cionn 400 *Inis* ar fud na hÉireann (O'Connor 2001:93).⁴⁵ Lón Hogan (1910) deich leathanach leo, a bhfuil 9 gcinn díobh ina n-eilimintí aonair agus an chuid eile díobh cláraithe le cáilitheoir[í] (Onom Goed:460-70). Oireann *An Inse* go breá don logainm *Ninch* atá faoi thrácht thuas.

Nóta

Is cosúil gur fheidhmigh *Nynche* mar shloinne sa 13ú agus sa 14ú haois; luadh *Gilbert del Nynche* c1290, *magistro Iohanne de Nynch* AD 1302, *John del Nynche, son of master John del Nynche* AD 1314, *John dil (sic) Nynche* agus *Robert dil Nynche* AD 1322, agus arís sa bhliain 1341, *John del Nynche, son of master John del Nynche* agus *Robert de Nynche* AD 1342 i gcomhthéacs chairteanna CGR, féach (1), (5), (6), (7), (8) agus (9) sa Tábla thuas, ach níor sheas feidhm seo na sloinnte thar an 14ú haois. Chreid duine áitiúil gur sloinne Normannach a bhí in *del Nynche* agus gur as sin a d'eascair an logainm. Chreid duine eile áitiúil gurb é *Port na hInnse* foirm cheart Ghaeilge an logainm.

⁴⁴ Féach freisin *Reask* [52] - an fonóta a bhfuil tagairt déanta do na hiarrachtaí a rinneadh le deileáil le fuarlaigh na hAiní/ *Nanny Water*.

⁴⁵ Féach freisin an sampla stairiúil: *Knoke Nynche et Ballyrothry* AD 1465 (SRPI Ed IV:563).

[64] ROGERSTOWN (ainm Gaeilge le deimhniú *logainm.ie*)

Is ainm Béarla atá anseo (a tháinig go hÉirinn leis na Gallóglaigh) a nascadh le s + TOWN in Éirinn, de réir nós na gcoilíneach.

- | | | | |
|-----|------------------------------|--|---|
| 1) | gan dáta
idir 1235 & 1280 | Rogerstoun
[valle de Lanie] | Charter, CGR 27, f.21 ⁴⁶ |
| 2) | 1366 | Rogereston [near the Nany]
Rogereston | Indenture, <i>ibid</i> :28 f.22d
Letter of Attorney <i>ibid</i> :29, f.23 |
| 3) | 1370 | Rogerestoun Ledwyche | Quit-Claim, <i>ibid</i> :28 f.22
[Féach Cairt <i>ibid</i> 28, f.22] |
| 4) | 1371 | Rogereston Ledewyche
[near the water of the Nany] | Quit-Claim, <i>ibid</i> :29, f.23d |
| 5) | [c1371] | Rogerestoun | <i>ibid</i> :29 f.24 |
| 6) | 1371 | Rogereston Ledewyche X 2 | Quit-Claim (Geoffrey Cusack) <i>ibid</i> :29, f.24
Quit-Claim (Roger Blak), f.24 d |
| 7) | 1376 | Rogerestoun
Rogereston
[near the Nany] | Charter, <i>ibid</i> :30 f.25
Letter of attorney, f.25 |
| 8) | 1381 | Rogereston | Memorandum de Hibernia ICL 98: 296 |
| 9) | 1386 | Rogerestoun
[near the water of the Nany] | Quit-Claim, CGR 30 f.24d
(<i>Teideal</i> 29) |
| 10) | 1396 | Rogereston/
Rogereston Ledewyche | Entail of Rogereston, <i>ibid</i> :30 f.25d |
| 11) | 1396 | Rogerestoun
Rogereston Ledewyche | Confirmation of the lordship of R...
<i>ibid</i> :30 f.25d |
| 12) | [12ú - 14ú
haois] | Rogererston | <i>ibid</i> :2 f.1 (CGR:1175 – 1397) |
| 13) | 1408 | Rogereston | CLXV ICL:182 |
| 14) | 1455 | Rogeston | Hen. VI SRPI:312 |
| 15) | 1527 | Rogerston | Hen. VIII 33/43 CI 1991:19 |

⁴⁶ Féach freisin an Chairt: ‘Adam de Keusach ... has granted to his son Nicholas ... two carucates of land with the appurtenances in the vill which is called Ledwychestown’ (*Villa Ledwych*) (*ibid* 28, f.22)

16)	1540-1	Rogerston	Possessiones ... CSL 1540-1:33
17)	1575	Rogerston	F 2698, IFTS Vol II 1558-1586:358
18)	1605	Rogerston	J 1 26/25, CI 1991:334
19)	1631	Rogerston	Car I 74 Inq Lag
20)	1631	Rogerstowne	A 50, CI 1991:461
		Rogerston	Féach freisin: A 51, <i>ibid</i> 462
21)	1654 - 56	Rogerstowne	CS 5, 6, 49
22)	1655-9	Rogers Towne	Is BN, Goblet 343
23)	1657	Rogerstown	DS 6 Innéacs
		3 Rogerstowne	Is: The Parrishes of Killcarvan Colpe & Julianstown by W ^m Farrand. An exact copy by Dan ^l O' Brien Surv ^r
24)	c1668	Rogerstowne 18	BSD Index
		Rogerstowne	<i>ibid</i> 18, 1663, 1666 sa téacs
25)	1672	Rogers Towne	Is HD, Goblet 343
26)	1683	Rogerstowne	Dn Survey AL:34 OS/88/20 = HD
27)	1786	Rogerstown	Archdall Mon Hib (White):535 ⁴⁷
28)	1829	Rogerstown	BS 1829 AL:34, OS/88/20
29)	[1836]	Rogerstowne	Old Copy of Quit Rents AL:34 OS/88/20
30)	[1836]	Rogerstown	Docket for GJ Rates AL:34, OS/88/20
31)	1830	Rogerstown	TCB AL:34, OS/88/20
32)	1824	Rogerstown	HCSV AL:34, OS/88/20
33)	[?1836]	baile Risteáir (<i>town of Roger</i>)	AL:34, OS/88/20 (OD:AL)
34)	[?1836]	bail' Ristear	Peannluaidhe AL 34, OS/88/20 Faoi <i>Received Name</i>
35)	1836	Rogerston	Inq temp Car.1:AL34, OS/88/20. Féach taifeac eile Inq CI:AL, (18) thuas.
36)	1836	Baile Ristear	OC:AL
37)	1836	Rogerstown	Received name, JOD:AL OS/88/20
38)	1835/6 revised 1899	Rogerstown	Is SO
39)	2014	'rodʒərs, təun	fogharscríobh, Leo Henry, Damian Mc Daid

⁴⁷ Tá 'Archdall Mon Hib (King) AL:34, OS/88/20' san ainmleabhar go hearráideach, cf. An Réamhrá.

Is i bparóiste Julianstown i mbarúntacht Dhamh Liag Íochtarach i gContae na Mí atá an baile fearainn *Rogerstown*. Is cosúil go bhfuil an struchtúr AINM PEARSANTA + mír shealbhach + TOWN air. Is iad na foirmeacha stairiúla a bhfuil teacht orthu ná *Roger[e]ston/ toun/ town[e]* (1), (2), (5), (7) - (9), (10), (12) - (32), (35), (37), (38), agus *Rogereston/ ton Ledwyche* (3), (4), (6), (10), (11).

Is sa tréimhse ama idir AD 1370 agus 1396 a tugadh *Rogereston Ledewyche* ar an mbaile fearainn, agus tharlódh go mba é dlúthbhaint muintir *Ledwyche* ó nasc an phósta idir *Lucy de Ledwyche* agus *Adam de Keusach* c100 bliain roimh AD 1370 [c 1270] ba chúis leis an logainm *Rogereston Ledewyche*. Is mar seo a tharla sé: bhronn *Adam de Ledwyche* baile *Rogerstoun in valle de Lanie* (1)⁴⁸ ar *sir Adam Keusach* a bhí pósta lena dheirfiúr *Lucy [de Ledwyche]*. Níl aon dáta luaite le cáipéis seo an bhronnta, ach tagraíonn cairt a rinneadh ina dhiaidh sin, sa bhliain 1280 do

two carucates of land with the appurtenances in the vill which
is called Villa Ledwych (CGR:28, f.22)⁴⁹

a bhronn an *Adam de Keusach* thuasluaite ar a mhac *Nicolas*. Mar sin is cosúil, go raibh *Rogereston* ag feidhmiú mar logainm ar an mbaile fearainn atá faoi chaibidil roimh c1260.⁵⁰

Deir *Woulfe* go mbaineann an sloinne *Rogers/ Rodgers* le Gallóglaigh a tháinig as Albain go hÉirinn thart ar lár na 14ú haoise (1923:403).⁵¹ Is deacair a rá go deimhneach gurb iad sin is cúis leis an logainm *Rogerstoun* (1) - deir *O’Rahilly* go raibh Gallóglaigh in Éirinn thart ar lár na 13ú haoise (1932:161), ach d’fhéadfadh *Rogerstoun* (1) a bheith scríofa roimhe sin.⁵²

Taifeadadh samplaí den ainm pearsanta ón 11ú haois i Sasana, féach *Rogerus marescalcus* (1066 DB), *Rogerus*, *Rogerus* (1086 DB) chomh maith le samplaí den

⁴⁸ Shainigh sé mar seo é: ‘all the land held by grantor’s father and by himself, in the honor of *Duuelech*’ (CGR 27, f.21, (1) thuas).

⁴⁹ aistrithe *Ledwychestown* (*op cit*).

⁵⁰ Bheadh a chéad mhac ina naonán thart ar an am seo.

⁵¹ cf. ‘Mac Ruaidhrí, M’Rury, M’Roory, M’Rowry ... Rorison, Rogerson, Rogers, Rodgers ... the Norse Hrothrekr ... (1) ... chiefs of Tellach Ainbhith and Muinntear Birn in Co. Tyrone (2) ... a Scoto-Irish family ... MacDonnells who came over to Ireland as gallowglasses about the middle of the 14th century’ (*op cit*).

⁵² Níl dáta cruinn curtha ar an sampla is luaithe a bailíodh don tráchtas, ach luaitear *Nicolas Petit*, duine de na finnéithe i gcáipéis eile a bhfuil an dáta 1235 tugtha di (CGR:162, f.208). Is é 1280 an dáta atá ar an gcáipéis i ndiaidh (1) thuas, cé nár ghá gur lean an cháipéis sin (1) thuas, mar ní bhíonn cáipéisí CGR in ord croineolaíoch i gcónaí.

tsloinne - *Richard Roger* (1263 AD), *William Rogger* (1296 AD) *Henry Rogeres* (1327 AD). Is cosúil gur thug na Normannaigh an t-ainm go Sasana leo. Is ón tSean-Fhraincis *Roger, Rogier* a tháinig sé agus tá sé gaolmhar leis an tSean-Ghearmáinis *Rodger* (Reaney & Wilson 1958: 297). Míníonn Hanks & Hodges:

from a germanic personal name composed of the elements *hrōd* ‘renown + *geri, gari* ‘spear, which was introduced into England by the Normans ... The cognate ON *Hrōðgeirr* was a reinforcing influence in Normandy (455).

Níor éirigh leis an taighdeoir seo teacht ar aon *Roger* ábhartha a bhain le Contae na Mí agus tóraíocht na luathfhoinní ar bun. Luaitear *Friar Roger* AD 1215 a bhí le teacht go hÉirinn as Dover (CDI 1171-1251:101, 661 agus 662), *Earl Roger, manor of Ferns* AD 1253 (*ibid*:86, 552, CDI 1252- 1284:29, 184) agus *Roger clerk of Dublin* AD 1276-77 (*ibid*: 258, 1389). Faoin 15ú haois, luadh *Roger* mar shloinne, féach *Edmon fitz Roge* 1478 AD agus *Robt Roger de Rathtowth* 1479-81 AD (SRPI Ed IV ii:588, 717), ach ar ndóigh bhí *Rogerstoun* ainmnithe le beagnach 200 bliain faoin am sin.

Má bhailigh O’Conor an fhoirm *bail’ Ristear* (34), breacadh *Baile Risteáir* (33) agus *Baile Ristear* (36) san ainmleabhar in 1836 freisin.

[65] SEVITSLAND

Is logainm Béarla é seo; thóg an t-ainm *Sevit* áit an ainm *Sealbhadh* sa logainm.

*Fearann Shealbhaigh (rogha an taighdeora 2014, má chaithfear é a ghaelú)

1)	1619	Sevelsland X 2	Jac I:36 Inq Lag
2)	1631	Mynneston coiter vocat' Sevelsland Seaversland	Car I 74, <i>ibid</i>
3)	[1824]	Sevett's land	HCSV:AL AL:36, OS/88/20
4)	1829	Senets-Land	BS 1829 AL:36, OS/88/20
5)	[1830]	Sevitsland	TCB AL:36, OS/88/20
6)	?1836	Civitsland;	Rent receipt AL:36, (peann luaidhe), OS/88/20
7)	?1836	the Norway land Sevitsland	AL:36 (peann luaidhe), OS/88/20
8)	?1836	Sevitsland	JOD:AL:36, OS/88/20
9)	[1836]	Senets-Land	AL:36, OS/88/20 ⁵³
10)		Sevetts Land	Docket for GJR AL:36, OS/88/20
11)	1851	Sevitsland	ITTPBI:815
12)	1835/6 revised 1899	Sevitsland	Is SO
13)	2009 2014	'sevøts, land	fogharscríobh, Paddy Lenihan, Vincent Rooney

Is i bparóiste Julianstown i mbarúntacht Dhamh Liag Íochtarach i gContae na Mí atá an baile fearainn *Sevitsland*. Fearacht *Abbeyland* agus *Prioryland*, níor frítheadh aon tagairt stairiúil don logainm *Sevitsland* idir AD 1151 agus an 17ú haois.⁵⁴

Is cosúil go bhfuil dhá logainm taifeadta don bhaile fearainn seo, ceann acu ón 17ú haois agus an ceann eile ón 19ú haois. Pléifear logainm na 17ú haoise ar dtús. Bailíodh dhá shampla de - *Sevelsland* (1) agus *Seaversland* (2). Tá a fhios againn go mbaineann an dá shampla leis an mbaile fearainn atá faoi chaibidil, mar tá siad le fáil i

⁵³ Tá 'wrong' scríofa i bpeann luaidhe os cionn an teidil *Received Name* ar an AL

⁵⁴ Ceadaíodh CDI 1151- 1307, CSPI ó Anraí VIII go 1670 AD, CJR go 1314 AD, *Reg. Fleming 1404-1416*, SRPI Anraí VI, SRPI Éadbhard IV, CS, Census 1659, Brit. Lib. Add. MS 41159 'Forfeited Estates 1700'. Ní raibh aon sampla de sna *Convert Rolls 1703-1778* ach an oiread.

gcomhthéacs liosta logainmneacha eile as an gceantar; tógadh an sampla *Sevelsland* (1) as an téacs a leanas:

... Joh' Hamlinge nup de Smithestowne in co' Mid' seis' fuit de cert' ter' & ten' in ..., 10 acr' arrabil'in vil' & campis de Sevelsland & Midenstowne*... pmiss in Smithestown, Ballemadd, Pillestowne, Sevelsland, Midenstowne*, Duleeke, ... (1).
[* = Minnistown]

Mar a léireofar thíos, is é an leagan luath thuasluaite, *Sevelsland* (1), an ceann is gaire do bhunleagan an logainm. Is léir nach bhfuil aon bhotún ann, mar go bhfuil sé scríofa faoi dhó sa téacs.

Tógadh an dara sampla as an téacs a leanas a chuireann in iúl dúinn go mba cuid de *Mynneston* é *Seavelsland* tráth, agus feictear claochlú an // sa dara siolla go /r / (de bharr an díshamhlaithe, is dócha) sa téacs freisin:

Tho' Bathe de Drogheda, nup defunct' & Joh' Barnard de eadé mercator, etiam nup defunct', seis' fuer', ad us' Tho' Hamlyn & hered s, de vil' & ter' de ... Diewleeke ... Corballyes, 1 toft' & 12 acr' in Mynneston coiter vocat' Seavelsland, & vil' de Gillenston contin' 4 mes' & 60 acr'... Seaversland ... (2)

Maidir le struchtúr an logainm, is cosúil gurb é SLONNNE + mír shealbhach + LAND atá ann .i. *Sevel* + *s* + *land* (1), (2) agus *Seaver* + *s* + *land* (2). Bhíodh an eilimint LAND bisiúil i logainmneacha sa 16ú haois agus sa 17ú haois (féach **Nóta** ar LAND ag deireadh *Abbeyland* [26]) agus tá trí cinn de logainmneacha i nDamh Liag Íochtarach a bhfuil an phríomheilimint LAND iontu; is iad sin *Abbeyland* [26], *Prioryland* [50] agus *Sevitsland*, an baile fearainn atá faoi chaibidil anois.

Glacadh leis gurb é an struchtúr coitianta SLOINNNE + mír shealbhach + LAND a bhí sa logainm ach go raibh *Sevet* in áit *Sevel/ Seaver* an t-am a scríobhadh 'Sevett, a family name' ar bharr an AL (OS/88/20: 36A), cé gur scriosadh an nóta 'Sevett is the landlord of this TI' - nóta a bhí scríofa i bpeann luaidhe ar leathanach céanna an AL. Scríobhadh *the Norway land* (7) mar mhíniú ar an logainm ag an am sin freisin. Taispeánann an dá mhíniú éagsúla seo go raibh lucht scríofa an Ainmleabhair sa 19ú haois ag cur buillí faoi thuairim chun cinn maidir leis an eilimint *Sevett* (agus leis an logainm *Sevitsland*).

Ag filleadh ar *Seaversland* (2), is fiú a lua gur thángthas ar thagairtí do dhaoine a raibh an sloinne *Seuer* nó *Sewer* orthu, ach bhain siadsan le Contae Chill Dara agus le *King's County*.⁵⁵

Níor aimsíodh aon logainm cosúil le logainm na 17ú haoise in Éirinn, ach tá logainm dá shórt le fáil in Albain agus an chuma air go bhfuil gaol eatarthu. Féach na cosúlachtaí idir an sloinne Albanach *Selvieland*,⁵⁶ an bóthar *Selvieland [Road]* i nGlaschú,⁵⁷ agus an logainm *Sevelsland* (1), *Seaversland* (2), paróiste *Julianstown* atá faoi thrácht anseo. Míníonn Black an sloinne SELVIELAND in *The Surnames of Scotland* mar a leanas:

SELVIELAND. From the 20 shilling land of the old extent in the bar. of *Renfrew*. The place name contains the old Gaelic personal name *Sealbhach* ... *Christiane Seuelaund* of Cadiou and *Patrick de Selvenland* of the county of Lanark rendered homage in 1296 (Bain, II, p.204, 213 [= Bain 1881-84]). Late in the 13th century the lands which formerly belonged to *Patrick de Selvinsland* in Renfrew were granted to Stephen, son of Nicholas (OPS., 1, p.77 [= *Origines Parociales Scotiae*]) and in 1368 *Hugh Seuiland dominus terre Pomario* ... near Cadzow, bound himself to supply two candles ... yearly to the church of Cadilou (1974 (1947):718).⁵⁸

Tugtar faoi deara go bhfuil foirmeacha stairiúla an tsloinne Albanaigh tríshiollach, gan aon *-l-* sa chéad siolla, féach *Christiane Seuelaund* (1296 AD), *Hugh Seuiland* (1368 AD), chomh maith le leagan den sloinne atá corr leis an dá shampla eile, mar go bhfuil *-l-* sa chéad siolla, *-s* sa lár agus *-n* ionsáiteach ann, féach *Patrick de Selvinsland*.

Nuair a chuirtear na sloinnte thuasluaite i gcomparáid le *Sevelsland* (1), *Julianstown*, is léir go bhfuil *Sevelsland* (1), *Julianstown* agus *Seuelaund/ Seuiland* (AD

⁵⁵ cf. *William le Sewer* AD 1289, duine de *Summoners Geoffrey de Geynville* (CDI 1285-92:234, 503), *John Sever* AD 1284, ghiúróir i gcás dlí faoi thalamh a bhí ag *William de Mohun* i gCill Dara (CDI 1252-1284:544, 2324). Luadh *John Seuer* arís sa bhliain 1305 i gcomhthéacs na dtailte céanna (CJRI 1305-7:28), agus beagnach 300 bliain ina dhiaidh sin - sa bhliain 1599 - luadh *William Sever parson of Killeclonfert in the King's County* (CPCI R ii, Eliz:525). Thángthas freisin ar *Odone de Sewes* a d'fheidhmigh mar fhinné ar chairt LXXX de chuid *Llanthony* c1177-91 a raibh deachúna agus gabháltais *ecclesia de Kylculy* mar ábhar aici (= *Kilcooly*, barúntacht *An Uaimh Uachtarach*), ach is *-s#* seachas le *-r#* a litrítear deireadh a shloinnesean.

⁵⁶ De réir Woulfe: 'In the Lowland Scottish towns the use of surnames began in the 12th century. ... Surnames were rare in the Highlands until the 16th and 17th centuries' (1923:xxi).

⁵⁷ féach http://maps.google.ie/maps?hl=enIE&gbv=2&q=selvieland+road+glasgow&um=1&ie=UTF8&hq=&hnea_r=0x488848c857f51ea5:0x3ee6e3527e375e5,Selvieland+Rd,+Glasgow,+UK&gl=ie&sa=X&ei=fi8YUby5MMuFhQffp4GOBg&ved=0CBwQ8gEoATAA

⁵⁸ Luann Black 'REG., p. 282' mar údarás; REG. = *Registrum episcopatus Glasguensis ...ibid:* lxviii.

1368) na hAlban nach mór mar a chéile. Is cosúil go bhfuil foirm den mhír shealbhach – s- san fhoirm Éireannach ámh, agus é faoin struchtúr AINM PEARSANTA/ SLOINNE + mír shealbhach + LAND a d'fhéadfadh a bheith bunaithe ar mhúnla an struchtúir choitianta AINM PEARSANTA/ SLOINNE + mír shealbhach + TOWN.

Sílím gur fhás *Seaversland* (2), *Julianstown*, as foirm cosúil le *Selvieland* (*Renfrew*) ar an gcaoi seo:

Selvieland + meititéis < **Sevielland* + díshamhlú

< **Seaverland* + mír shealbhach < *Seaversland*

Tá na gnáthphróisis meititéise agus díshamlú le feiceáil san fhorás sin. Taispeánann an fhoirm *Seaversland* (2), go raibh an /l/ sa chéad siolla cailte faoin mbliain 1631 in Éirinn.

Ar ndóigh, d'fhéadfadh sé gur tuaisle peannaireachta is cúis leis an /t/ ag deireadh an dara siolla atá le fáil ón 19ú go dtí an 21ú haois, dá mba rud é gur crosáladh an /l/ trí thimpiste agus go ndearnadh /t/ as, mar a leanas:

Sevelsland/ Seaversland < *Sevett's land/ Sevetts land/ Civitsland/ Sevitsland*, ach d'fhéadfadh sé go raibh *Sevelsland/ Seaversland* bunaithe ar an ainm pearsanta *Sealbhach* mar a léiríodh thuas agus gur tháinig an dara logainm *Sevett's [Sevetts]land/ Civitsland/ Sevitsland* chun cinn níos deireanaí sa 19ú haois.

Is ainm seanbhunaithe é *Sealbhach* de réir na nAnnála (AD 701 ARÉ i:318)⁵⁹ agus más é *Sealbhach* ‘an old Gaelic personal name’ is bunús le *Selvieland* in Albain,⁶⁰ tá *Clann Sealbhaigh* agus *Ó Sealbhaigh* in Éirinn (Woulfe 1923:641-2).⁶¹

Cláraíodh an t-ainm *Brien Shalvey* in innéacs *Griffith's Valuation* sa bhliain 1848. Bhí sé ina chónaí i *Larrix Lane (Commons)* i mbaile Dhamh Liag. Tá *Larrix Lane* fós ann. Bhí cúigear de mhuintir *Shalvey* lonnaithe in *Duleek Town* in aon teaghlach amháin de réir *Census* 1901, agus bhí triúr fanta sa teaghlach sin de réir *Census* 1911. Tá cuimhne ar *Shalvey's Lane, leading onto the Commons* i gcónaí. Léiríonn *Duleek Heritage* an nasc idir ainm an lána agus sloinnte ábhartha na ndaoine:

⁵⁹ Féach freisin ‘... Distructio duin Onlaigh apud Sealbhach’ (701 AU i:150) agus ‘... Dun Ollaigh construitur apud Selbachum’ (713 *ibid*: 162-64) agus AD 718 (*op cit*).

⁶⁰ *et passim*. Féach freisin ‘Selvieland is probably a part translation of *fearainn Sealbhaigh* ‘Sealbhach’s land’ (Watson 1926:201, féach freisin *ibid*:239). Féach freisin ‘In 736 Angus son of Fergus, King of the Picts wasted the Scottish kingdom of Dál Riata ... and bound with chains two sons of its late King, Selbach (Watson:1926:171).

⁶¹ cf. ‘a branch of the *Corca Laoighdhe* in South-West Cork ... *Baile Uí Shealbhaigh* ... At the end of the 16th century ... There was probably a distinct family of the name in the north of Ireland’ (*op cit*). Féach freisin gur luadh *Elizabeth and James Shalvey* Dublin sna *Convert Rolls* mar ‘Irish Conformists, enrolled July 1736, Conformity 1736’, Act Queen Anne 1703 (O’Byrne, Chamney 2005:429).

Most of the Lanes were named after the families living at,
or on the entrance to the lane (1999:163).⁶²

Tá an baile fearainn *Sevitsland* tuairim is 6 mhíle soir ó bhaile Dhamh Liag (agus beagáinín ó thuaidh de).

Maidir leis na foirmeacha a fhaightear sa 19ú haois *Sevett's/ Sevetts land* (3), (10), *Sevitsland* (5), (7), (8), (12), *Civitsland* (6), *Senets-Land* (4), (9), is cosúil go bhfuil na trí heilimint *Sevett/ Sevit/ Civit/ Senet* + mír shealbhach + LAND le fáil iontu. Maidir le (4), (9) - b'fhurasta na litreacha /n/ agus /v/ a mheascadh, agus iad lámhscríofa, cf. an Réamhrá. Luadh thuas gur shíl Ó Donnabháin go raibh an fhéidearthacht ann gur *family name* atá in *Sevett*. Ní raibh dream ar bith den sloinne *Sevitt* cláraithe in aon cheann de na paróistí sa leath-bharúntacht, i gceachtar den dá *Census* a tógadh in 1901 ná in 1911, ámh. Níl *Sevett* ag Woulfe, ná ag Reaney & Wilson, ná ag Hanks & Hodges, ach bronnadh gradam ar an *Dr L.H. Sevitt* i gColáiste na Tríonóide sa bhliain 1960,⁶³ agus tá ealaíontóir beo beathaíoch i mBÁC darbh ainm *Francis Sevitt*.⁶⁴ D'fhéadfaí tatal a bhaint as seo, gur sloinne nua-aimseartha go maith in Éirinn é *Sevitt*, nach bhfuil teacht air san fhoirm sin, ach ón dara leath den 20ú haois, ar a luaithe.

Tá an sloinne *Sevetier/ Sabater/ Savetier* le fáil san Fhrainc, ámh (Morlet:900, 871).⁶⁵ An bhféadfadh sé gur fhás *Sevit* as *Sevetier* mar seo: *Sevetier* > *Sevet* lúide – *ier#*?⁶⁶ An bhféadfadh sé gur shliocht de na hÚgánaigh iad muintir *Sevetier/ Sabater/*

⁶² Tá grianghraf de *Paddy Shalvey* a bhí ina chónaí i mbaile Dhamh Liag san fhoilseachán seo. Díonadóireacht an cheird a bhí aige agus bhí talamh aige in *Ardcath* (*ibid*:170). Cailleadh in aois a 103 bliain é ar '25 Jan 1932' agus cuireadh i reilig Dhamh Liag é. Is é ainm a mhná *Mary* an chéad ainm atá inscríofa ar leac na huaighe. Cailleadh ise sa bhliain 1902 (O'Boyle 2002:87).

⁶³ <http://www.tcldlife.ie/scholars/scholar/about-list.php> (ceadaithe 2010).

⁶⁴ Thug Frank Spiers (ealaíontóir atá lonnaithe i mBÁC) an t-eolas seo dom i gcomhrá pearsanta.

⁶⁵ Is 'foirm Lyonnaise' i *Savatier* (*op cit* :900)

⁶⁶ Tá sé ráite i mbéaloideas Dhamh Liag, gur tháinig dream beag de *Huguenots* a rabh scileanna fíodóireachta acu go baile Dhamh Liag (le héalú ón leatrom a bhí á dhéanamh orthu, nuair a chuir Louis XIV deireadh leis an *edict of Nantes* sa bhliain 1685) agus gur chuir siad tús le tionscnamh línéadaigh i nDhamh Liag (Moss 1971:15-18). Féach an léarscáil d'Éirinn a thaispeánann go raibh na *Huguenots* i nDroichead Átha agus i mBaile Átha Sláine (Carré 1937, tús an leabhair). Shocraigh dream díobh síos i dtithe beaga a thógadar as láib bhuí, sa cheantar thimpeall ar *Larrix Street-King's Gate* i mbaile Dhamh Liag (O'Boyle 1989:47). Deir Synnott: '*Larrix Lane* may be derived from *Larowe* or *Leroux*, a Huguenot surname *Lewis Larowe* (*Louis Leroux*), a Huguenot who was Warden in 1693 and Master in 1708 of the Weavers Guild in Dublin ... The Huguenot weavers in Duleek may have commemorated a family or person of that name in the street name which was later corrupted to *Larrix*' (*op cit* 1973:20). Luaitear 'yellow mud walls' agus gur '[ruined] yellow clay walls' a bhí ina gcuid tithe (Moss 1971:15). Deir Sampson 'Although there was never a Huguenot settlement as such, they did come the way and established the home-industry of spinning and weaving. A house or two in Larrix Street suggests the familiar Huguenot gables, and my personal suspicion is that the name 'Larrix' itself came with them' (*op cit* 1960:57). Is cosúil go raibh trian d'arm Liam Oraíste déanta suas de dhaoine de bhunadh na *Huguenots* ag Cath na Bóinne sa bhliain 1690 agus go raibh 736 oifigeach ina measc. Maraíodh ceannaire *Huguenot* a bhí ag Cath na Bóinne darbh ainm Schomberg. Threoirigh Coirnéal La Caillemotte, *Huguenot* eile a bhí

Savetier a tháinig i gcomharbacht ar mhuintir *Sealbhaigh* a bhí san áit sa 17ú haois a d'éirigh leo an áit a ainmniú lena sloinne teascaithe, mar a fhaightear sa 19ú haois é?

Maidir leis an logainm atá bunaithe ar an eilimint *Sealbhach*, [*Sevelsland* (1) 1619] cláraíodh *Shaluenstown* i bparóiste *Slane* [= Baile Shláine, Contae na Mí] sa bhliain 1700 (*Forfeited Estates* 1700:95) agus chláraigh Joyce:

Shalwy in Donegal; *Sealbhuidhe*, possessions;
plural of *sealbh* a possession (1913:551).

Tá logainmneacha éagsúla cláraithe ar *logainm.ie* a bhfuil an eilimint iolra *sealbha* iontu, féach *Na Sealbha/ Shelvins* i bparóiste *Tighthaláin/ Tehallen* agus *Eachaire Sealbh/ Aghnashalvy* i bparóiste *Cluain Eois/ Clones*, i mbarúntacht Mhuineacháin, *Shalvanstown* i bparóiste *Baile an Ghearlánaigh/ Gernonstown* i mbarúntacht Bhaile Shláine Uachtaraigh/ *Upper Slane*, agus *Cill Ó Sealbhaigh/ Kilshalvy* atá i bparóiste Chill Ó Sealbhaigh, barúntacht na Corann/*Corann Sligeach*.

Is logainm ar leith ón 17ú haois é *Sevelsland/ Seaversland* a bhfuil bearna i bhfianaise a chláraithe go dtí dearbhú na bhfoirmeacha *Sevett's/ Sevetts land /Civitsland/ Sevitsland* sa 19ú haois.⁶⁷ Ní dócha gur fhás logainm na 19ú haoise as logainm na 17ú haoise. Níl *Sevitsland* marcáilte ar an léarscáil SO 1835/6 (athchóirithe 1899 AD).

Mar achoimre, is gann gortach atá an fhianaise stairiúil ar an logainm seo, agus is deacair bun ná barr a dhéanamh de. Cibé stair a bhain leis, tá sé nach mór cailte. Tharlódh gur athraigh *Sevelsland /Seaversland* ó logainm stairiúil na 17ú haoise (a d'fhéadfadh an t-ainm Gaeilge *Sealbhach* a bheith mar cháilitheoir ann) go *Sevett/ Sevit/ Civit/ sland* sa 19ú haois, logainm ar fad eile a d'fhéadfadh a bheith tagtha ó *Sevelsland* de bharr

- (i) sciorradh pinn .i. an *-l#* de *Sevel-* a bheith crosáilte chun *Sevit-* a thabhairt, nó
- (ii) go bhféadfadh sé a bheith díorthaithe ón sloinne Francach *Sevetier*.

Barúntacht: Damh Liag Íochtarach

Paróiste: Julianstown

i gceannas ar chomplach amháin a chuid fear isteach san abhainn agus é ag béicil: 'Allons mes amis! Voilà vos persecuteurs!' (Lawless Lee 1936:).

⁶⁷ Is spéisiúil nach bhfuil an eilimint *land* le fáil ach i dtrí bhaile fearainn sa leathbharúntacht idir *Abbeyland* [26], *Prioryland* [50] agus *Sevitsland* [65]. Tá baile fearainn amháin *Maryland* i bparóiste *Ardcath* sa leathbharúntacht Damh Liag Uachtarach freisin. De réir <http://www.maplandia.com/ireland/east/meath/bettystown/#map> tá áiteanna comharthaithe *Sevitt Hall* agus *Sevitt Manor* in *Bettystown* soir ó *Sevitsland*, a thaispeánann go bhfuil *Sevitt* bisiúil mar eilimint i logainmneacha go háitiúil anois.

[66] SMITHSTOWN

*Baile na nGaibhne nó *Baile an Ghabha (roghanna an taighdeora 2014)

1)	1540-1	Smetheston	Possessiones ...prioratum de Lanthony CSL 1540-1:28 (<i>Teideal</i> : <i>ibid</i> 27)
2)	1592	Smithiston	A 12, CI 1991:440
3)	1606	Smitheston	A 14, <i>ibid</i> :442
4)	1606-7	Smitheston	Jac I (2) Inq Lag 8 Jan an 4
5)	1607	Smytheston	J I 53/34, <i>ibid</i> :352 ⁶⁸
6)	1608	Smythston	J I 58/36, CI 1991: 357
7)	1610	Smithston	J I 120(3), <i>ibid</i> :394
8)	1620	Smitheston	Jac I:41, <i>ibid</i>
9)	[1836]	[Smythestown]?	Inq temp Jac I, AL:33, OS/88/20. ⁶⁹
10)	1631	Smithstowne Smithestowne	Car 74 Inq Lag
11)	1633	Smithston	Car I 83, <i>ibid</i>
12)	1639	Smithestowne	Car I 146 <i>ibid</i>
13)	[gan bhliain]	Smythston	Car I 160, Inq Lag <i>Right A</i>) [9 Oct Navan ach gan bhliain]
14)	i ndiaidh 1640?	Smythston	Car I 163 <i>ibid</i> Trym, 6 Maii 164[] ?
15)	1654-1656	Smithstowne	CS 5,49
16)	1657	Smithstown Smithstowne	DS 6
17)	1655-9	Smiths Towne	Is BN, Goblet 355
18)	1683 [1836]	Smithstowne	Down Survey, AL:33, OS/88/20 ⁷⁰
19)	1659	Smyth town	Census:49 [11 Eng, 38 Irish]
20)	c1668	Smithstowne 17 Smithstowne	BSD Index <i>ibid</i> 17, 1666, 1668 sa téacs

⁶⁸ Féach freisin Inq temp Jac I, AL:33, OS/88/20, sampla (9).

⁶⁹ Ceal spáis cuireadh faoin teideal ‘Orthography’ an sampla seo, seachas faoi ‘Received Name’. Scríobhadh leagan Gaeilge ar bharr an leathanaigh, féach (33). Féach *logainm.ie* freisin.

⁷⁰ Uimhir 28 ar liosta na bhfoinsí .i. *Engraved Maps from Down Survey 1683*.

21)	1672	Smithes Town	Is HD, Goblet 355
22)	1739	Smithstown X 2	RDD AW i: 259, 598
23)	1777	Smithstown	T&S 3
		corrected to 1783	
24)	1812	Smithstown	County Map 1812 AL:33, OS/88/20
25)	1824	Smythstown	HC Sy & Valu Rept AL:33, OS/88/20
26)	1829	Smythstown	Boundary Sketch 1829 AL:33, OS/88/20
28)	c1836	Smithstowne	Old Copy of Quit Rents AL:33, OS/88/20
29)	[1830]	Smithstown	Tithe Composition Book AL:33, OS/88/20
30)		Smythstown	Docket for Gd Jury Rates AL:33, OS/88/20
31)	[? 1836]	Smiths town	AL:33, ⁷¹ OS/88/20
32)	[? 1836]	Smithstown	JOD AL:33, OS/88/20, Received Name
33)	[? 1836]	baile ghabhna ⁷²	OS/88/20:33
34)	[? 1836]	baile Ghabhna	Peannluaidhe, OS/88/20:33 Received Name. ⁷³
35)	1851	Smithstown	AITTI:833
36)	1835/6	Smithstown	Is SO
		revised 1896	
37)	1978	Baile an Ghabha	TS <i>logainm.ie</i>
38)	2014	' smits̃ t̃aun	fogharscríobh, Damian Mc Daid

Is logainm Béarla trí heiliminte é *Smithstown* atá ar bhaile fearainn i bparóiste *Julianstown*, barúntacht Dhamh Liag Íochtarach. Is é an struchtúr SLOINNE + mír shealbhadh + TOWN atá air. Tá teacht ar dhá fhoirm den sloinne - *Smeth* (1) agus *Smith* (2) [nó *Smyth*] i gcéad eilimint an logainm. D'fhéadfadh sé go léiríonn an guta *-e-* canúint an scríobhaí - frítheadh tagairt do *Henry Smythe* a bhain le BÁC nó le Droichead Átha sa bhliain 1467-8 (SRPI Ed IV i:547) c 70 bliain roimh *Smetheston* (1), an fhoirm is luaithe a frítheadh don staidéir seo.

Leanann foirmeacha na haidiachta sealbhaigh an pátrún coitianta, ag brath ar an tréimhse ama a scríobhadh í, mar a leanann foirmeacha *ton/ town[e]*. Sílim gur foirm earráideach í *Smythestown* (9) de bharr an chaoi a bhfuil an eilimint *town* litrithe ann.

⁷¹ Tá 'i.e. town of the smith' scríofa ar bharr lech 33.

⁷² Tá an fhoirm seo scríofa ar bharr lech 33. Baineadh leas as marc os cionn /n/ le haghaidh /nn/ a chur in iúl i samplaí (33) agus (34).

⁷³ Baineadh leas as marc os cionn /n/ le haghaidh /nn/ a chur in iúl.

Cé go raibh gaibhne in Éirinn ón Iarannaois i leith, d'fhéadfadh sé gur tháinig an leagan Béarla *Smeth/ Smith* go hÉirinn de bharr reachtaíochta Éadbhard IV a achtadh sa bhliain 1465 nuair a d'fhógair sé go gcaithfí glacadh le sloinnte Sasanacha:

every Irishman dwelling within the Pale (BÁC, Mí, Lú, Cill Dara) shall take to him an English surname of one Towne, as Sutton, Chester, Trym, Sryne, Corke, Kinsale; or colour, as white, blacke, browne; or art or science, as **smith**, carpenter; or office, as cooke, butler; and that he and his issue shall use this name under payne of forfeiting of his goods yearely till the premises be done, to be levied two times by the yeare to the king's warres, according to the discretion of the lieutenant of the king or his deputy (Woulfe 1923:xxxi).

Ar ndóigh, bhí foirmeacha luath den sloinne *Smyth* le fáil i Sasana ó c. 975 go AD 1379 (Reaney & Wilson 1958:325),⁷⁴ chomh maith le logainmneacha luatha a bhí bunaithe ar an eilimint *Smeth/smiþ* (Ekwall 1936:407).⁷⁵

Má bhí muintir *Smyth/ Smith[e]* i Sasana, bhí na gaibhne in Éirinn agus d'fhág siad sin a rian ar logainmneacha na tíre, féach *Béal Átha an Ghabhann* [CI] (Ó Foghludha [Gan dáta]:71), *Carrownaguivna*, *Arduivna* [SI], *Athgoe* [BÁC], *Kinego* [Tír Eo, Dún na nG], *Ednego* [> éadan, Dún], *Clongowes* [CD] agus *Cloongown* (Joyce 1869:222-3), *Ballygowan*, *Ballygow*, *Ballingowan* (*ibid*:223).

Tá deich mbaile fearainn a bhfuil *Smithstown* orthu cláraithe ar *logainm.ie* (2013) sna contaetha a leanas: Cill Chainnigh, Cill Dara, an Chláir, Uíbh Fháilí agus an Mhí. Tá *Baile an Ghabhann* deimhnithe do dhá cheann de *Smithstown* atá i gCill Chainnigh, sna paróistí Dhún Bile/ *Dunbell* (barúntacht Ghabhrán/ *Gowran*), agus san Díseart/ *Dysert* (barúntacht Fhásach an Deighnín/ *Fassadinin*), chomh maith le *Baile an Ghabhann Beag* atá deimhnithe do *Smithstown* i bparóiste Lios ar Glinn/ *Listelin* (barúntacht Chill Bhéacáin/ *Kilbeacon*). Tá *Baile an Ghabhann* deimhnithe don *Smithstown* atá i bparóiste Ghailline/ *Gallen* (barúntacht Gharraí an Chaisleán) in Uíbh Fháilí.

Is é *Baile na nGaibhne* an leagan Gaeilge atá ar *Smithstown* i bparóiste Dhrom Loinn/ *Drumline*, (barúntacht Bhunraite íochtarach/ *Bunratty Lower* i gContae an

⁷⁴ Féach: *Ecceard Smið c 975*, *Ælfword Pe Smith c1100*, *William le Smyth 1275*, *Julian' le Smithes 1279*, *John Smye 1524*, *William atte Smithe/Thomas de la Smythe 1313*, *Robert atte Smithe 1332*, *Robery Smythyan 1309*, *John Smythiere 1379 srl (op cit)*.

⁷⁵ cf. *Smethcot 1242* 'the Smiths' cottage, *Smerecote DB*, *Smethcott/Smethcot 1327*, *Smethewyk* 'the smith's dwelling', *Smisby > Smidesbi DB*, the smith's by > *Smiðesbi 1166*. *Smeaton / SmiPatun 1255*, *Smidetun DB*, *Smedetone DB*, *Smydetona c 1150 srl* 'The smiths' TUN, *Smeeth*, *Smeeton Westerby DB* *Smitetone DB*, *Smedetuna DB* *Smetheton 1199, 1230 (op cit)*.

Chláir, agus is é an t-ainm neamhdheimhnithe *Béal Átha an Ghabhann* atá molta do *Smithstown* i gCill Seanaigh/ *Kilshanny* (barúntacht *Chorca Mrua/ Corcamroe*).⁷⁶

Maidir le Contae na Mí⁷⁷ – tá leagan Gaeilge ar *Smithstown* i bparóiste An Chillín barúntacht Scrín/ *Skreen*) fós le deimhniú – moladh *Baile gabhan/ Baile gabhanna* in AD 1836 dó. Mhol ‘Fiachra’ *Baile an Ghabhann* agus mhol Ó Donnabháin *Baile Uí Ghabhann* [*O’Gowan’s town*] don *Smithstown* i gCill Scíre/ *Kilskeer* (barúntacht Cheannannas Uachtarach/ *Kells Upper*).

Moladh na leaganacha Gaeilge *Baile ghabhna* (33), (34) sa 19ú haois don *Smithstown, Julianstown* atá á chíoradh anseo. Moladh *Baile an Ghabha* (37) dó in 1978. Nuair a bhreathnaítear ar fhoirmeacha galldaithe na logainmneacha inchurtha (thuasluaite) a bhfuil an eilimint *gabha/ gaibhneoir* iontu a chruinnigh Joyce, go mór mór iad siúd atá i gCúige Laighean – a leithéidí *Athgoe > Áth gabha* [BÁC], *Clongowes > Cluain an ghabha* [CD], nó *Ballygow > Baile an ghabha* [LG], tharlódh go bhfeilfeadh **Baile an Ghabha* mar leagan Gaeilge ar *Smithstown* paróiste *Julianstown*, mar a mhol lucht na SO sa bhliain 1978.

⁷⁶ Níor deimhníodh aon leagan Gaeilge do cheachtar den dá *Smithstown* a leanas go fóill (2010): an baile fearainn atá i bparóiste Thigh Tua/ *Taghadoe*, (barúntacht *An Léim Thuaiigh*) CD agus An Tulaigh Thirim/ *Tullaherim*, (barúntacht *Ghabhrán/ Gowran*) CC.

⁷⁷ Bhíodh *Smiths Town* eile i bParóiste *Killbrew* EM ar HD agus BN (Goblet 1932:355).

Barúntacht: Damh Liag Íochtarach

Paróiste: Kentstown

[67] **CURRAGHTOWN** (ainm Gaeilge le deimhniú *logainm.ie*)

Logainm le heilimint Ghaeilge + TOWN faoi struchtúr an Bhéarla atá anseo

***Baile Chorraigh** (rogha an taighdeora **2014**)

1)	1540-1	[de] Curraghe	CSL 1540-1:198 ⁷⁸
2)	1572	Carragheton	Eliz 66/46, CI 1991:207(x)
		Curraghton x 9	<i>ibid</i> 209 (6),(7), 210(14), 211 (16), 212 (16)
		Curraghon	<i>ibid</i> (6)
3)	idir 1603 & 1625	Curraghton	Inq JI:AL
4)	idir 1625 &1649	Curraghton	Inq CI:AL
5)	idir 1625 &1649	Corraghton	Inq CI:AL
6)	1637	Curraghton X 4	Car I 138 Inq Lag
7)	1663	Curraghstowne	Car II (3) <i>ibid</i> , féach freisin: Inq C II:AL
8)	?1655	Curraghtowne 5 Curraghtowne 3	DS Innéacs:AL DS Map:AL The Parrishes of Knockhammon, Painestown and Kentowne and Brownestown and Fenor by Edwd Wilson
9)	1659	Curraghs towne	Census:479
10)	c1668	Curraghtown 14 Curraghtowne	BSD Index <i>ibid</i> 14, [1668 sa] téacs
11)	1700	Curraghstowne	innéacs:134,138 Forfeited Estates 1700:170
12)	1732	Curraghstowne als Meadesbrook	RDD AW i: 459, 197
13)	1812 1812	Curraghtown Curraghtown	Co. Map:AL Is Larkin
14)	?1824	Curraghtown	HCSV:AL
15)	?1830	Curraghtown	BS:AL
16)	1836	Curraghtown	Custom:AL
17)	1836	Curraghtown	JOD:AL
18)		Curraghstown	Quit Rents (Old Document):AL
19)	1838	Baile Churraigh	OC:AL (<i>logainm.ie</i> -1836 agus 1838)

⁷⁸ Seo comhthéacs an tsampla: ‘Extenta terrarium et tenementorum quarumcumque pertinencium ad nuper Johannem Burnell alte prodicionis attinctum infra baroniam de Dulyck ... per sacramentum ... Willelmi Savage de Curraghe, ...’.

20)	1838	Baile Curraigh 'Town of the moor'	Peann luaidhe:OD:AL
21)		Curraghtown	GJ Rates (Old Docket):AL
22)	2009	' cura, t̪əun	fogharscríobh, Paddy Lenihan
	2014	' cura, t̪əun	David Kearney

Is i bparóiste *Kentstown* i mbarúntacht Dhamh Liag Íochtarach i gContae na Mí atá an baile fearainn *Curraghtown*. Is cosúil gur logainm dhá mhíre é - *Curragh* agus *town*.

Is ainmfhocal é *Curragh* < 'Currach', a chiallaíonn 'bogach réidh' – áit bhog fhliuch - clár talún, luachrach nó fiú riascach 'a marsh'.⁷⁹ Tá an eilimint CURRACH le fáil in 575 logainm nó mar sin ar fud na tíre (O'Connor 2001:62-3).⁸⁰

Is bisiúil agus is ilfheidhmeach an mhír í mar phríomheilimint, a cháilítear le hainmfhocail a chomharthaíonn fásra,⁸¹ gnéithe aiceanta,⁸² ainmhithe,⁸³ áitribh, foirgnimh nó tógáil,⁸⁴ dathanna,⁸⁵ méid,⁸⁶ agus eile.⁸⁷

Tá cuma na cruthaíochta ar logainmneacha a bhfuil CURRACH mar phríomheilimint iontu, agus ar ndóigh is í CURRACH + CÁILITHEOIR an chomhréir

⁷⁹ Féach freisin **cuirreach** o, m. DIL:601, IGT Decl.§23 *marsh, fen*, nó *seiscend* mar atá i *Sanas Cormaic*: 'Cuirrec[h] immorro do rād fri seiscend .i. corra recait ind' (Bergin, Best, Meyer, O'Keefe, 1912:29, 331). Tá an chiall sheanbhunaithe *ráschúrsa* ag *cuirreach/ currach* freisin, agus é caomhnaithe sa logainm *Curragh* i gCill Dara ó chianaimsir, féach: *do bebat iar cuirriuch carpait* (Stokes B 1905:36, líne 181). Féach freisin Flanagan & Flanagan 1994:61-2.

⁸⁰ Féach dáileadh fairsing (ar 21 chontae) na logainmneacha ina bhfuil *curragh* mar eilimint iontu ar léarscáil O'Conor (*op cit*). Tá 18 áit a bhfuil *cuirrech* mar chéad-eilimint iontu sna foinsí dúchasacha, cf. *Onom Goed*. Luaitear *Cuirrech Liffe* in AD 1234 agus *Cuirrech O nGuanradh* in AD 1497, mar shampla (Ann Loch Cé i:318, *ibid* ii:198).

⁸¹ *Curraghviller* > gin. biolair TÁ (Joyce 1913:283), *Curraghbehy* > gin. beithe CC (*ibid*), *Curraghwheery* > foithre [gin de foithir 'a piece of unreclaimed valley or wooded land', DIL] (UF, Joyce c1870:351), *Curraghkilleen* > coillín Cl (*ibid* 1913:284), *Curraghcloney* > cluain (+ ín) TÁ (*ibid*:283), *Curraghscarteen* > scairtín TÁ, CC (*ibid*:85), *Curraghatawey* > gin a'tsamhaidh [gin de samhadh 'sorrel' FGB] Liatruim (Joyce c1870:342)

⁸² *Curraghavogy* > an bhogaigh DG (Joyce 1913:283), *Curraghbinny* > gin. binne, Co (*ibid*:283), *Curraghinalt* > (?) gin ailte.TE (*ibid*:284).

⁸³ *Curraghturk* > gin iol.torc Lm.; tá *tuirc* ag Joyce (1913:285), *Curraghatouk* > gin. an tseabhaic Ci (*ibid*:283), *Curraghbonaun* > bonnán Sl (*ibid* c1870:300), *Curraghnamoe* > na mbó TÁ (*ibid* 1913:285), *Curraghawaddra* > a' mhadra Co (*ibid*:283), *Curraghnanav* > na ndamh Ci (*ibid*:285).

⁸⁴ *Curraghgraigne* > gráig TÁ, Lo, *Curraghkilleen* > cillín, Cl, *Curraghnalaght* > leacht, Co, *Curraghteemore* > tí móir Corcaigh agus MEo (*ibid* 1913:283-4).

⁸⁵ *Curraghbrack* > breac, IM, *Curraghderrig* > derg Ciarraí, *Curraghreigh/ Curraghrevagh* > riabhach PL, Ga, *Curraghlea/ leagh* > liath DG, Co, *Curraghadoo* > dubh Cl, *Curraghbaun* > bán (*ibid* 1913:283-5)

⁸⁶ *Curraghmore* > An Currach Mór; tá 28 díobh cláraithe ar *logainm.ie*. *Curraghkeal/keel* > caol Ca, TÁ (Joyce 1869:463, *ibid* 1913:284) agus i gCo an Chláir (*logainm.ie* 2010).

⁸⁷ *Curraghodea* > Ua Déadha Cl, *Curraghmarkey* > gin. marcaigh, (Joyce 1913:283-5, Frost 1906:28-9).

is sine atá le fáil don logainm seo. Is ag tréimhse níos deireanaí a fhaightear CURRACH mar cháilitheoir; leanann sé BAILE,⁸⁸ CNOC,⁸⁹ GORT,⁹⁰ agus príomheilimintí eile.⁹¹

Is é *Curraghe* (1) 1540-1 an téarma aonrach, an sampla is sine den logainm i bparóiste *Kentstown* a aimsíodh don staidéar seo i gcáipéis Laidine,⁹² a thabharfadh le fios, go mb'fhéidir nach raibh aon bhaile tógtha ag na hAngla-Normannaigh/ Sasanaigh sa pharóiste ag an am sin. Ar ndóigh, is i dtréimhse na suirbhéithe a rinneadh ag am choigistiú na mainistreacha a fhaightear taifead ar an logainm den chéad uair. Feictear *Curraghton* (2) (< CURRAGH + TON) ina dhiaidh sin sa bhliain 1572 i gcáipéisí a bhaineann le ré Eilís I, (chomh maith le sampla amháin de na leaganacha *Carraghton* agus *Curraghon* faoi seach.)⁹³ Baintear leas as *-ton*, an fhoirm neamhaiceanta suas go dtí lár na 17ú haoise – féach *Curraghton* (2) - (6). Is leis an bhfoirm aiceanta TOWN(E) a fhaightear ina dhiaidh sin é, agus is í sin an fhoirm a chleachtaítear lenár linnse - féach *Curragh + town[e]* (7) - (18), (21).

Cé gur cuireadh an struchtúr CURRAGH + s + TOWN ar an logainm sa 17ú haois, féach *Curraghstowne* (7), *Curraghs towne* (9), agus cé gur leanadh leis an struchtúr seo ag tús na 18ú haoise, féach *Curraghstowne* (11) agus *Curraghstowne als Meadesbrook* (12), agus cé gur frítheadh sampla amháin den struchtúr sin sa 19ú haois, féach *Curraghstown* (18), is léir gur scríobhadh an logainm gan *s* sealbhach an Bhéarla, níos minice sa 16ú, sa 17ú agus sa 19ú haois, féach *Curraghton* (2) - (6), *Curraghtown[e]* (8), (13) - (17), (21). Tharlódh go raibh an *Brigadier Patrick Meade* ag iarraidh a rian féin a fhágáil ar an logainm - is mar *Curraghstowne als Meadesbrook* (11) a tagraíodh don áit ina uacht san 18ú haois.⁹⁴

⁸⁸ *Ballincurragh* > Baile an Churraigh (X 8 Co *logainm.ie*), *Ballincurry* (X 7 i gcontaetha éagsúla *logainm.ie*)

⁸⁹ *Knockacurra* Cnoc an Churraigh TÁ (Joyce 1913:436)

⁹⁰ *Gortacurragh* x 3 Co (*ibid*:371)

⁹¹ *Deanscurragh* [Lo] (*logainm.ie*)

⁹² Faightear an logainm ar pharóiste eile ?*Girley* a bhíodh i mbarúntacht Cheannanais céad bliain roimhe sin: shínigh *Nicholas Taylore off Corroghton* cáipéis a chuir síos ar iomarbhá idir 'Londrys lorde of Rathmore & Crwyce lorde of Rathmore ...towching the bog off Balmartene.' Is cosúil nár réitíodh an t-aigneas an chéad uair, mar luaitear dhá dháta sa cháipéis seo: 'King Henry the fyfte, the fowrthe yere off his Regn [1417] ... All so... the tyme of Kyng Henry the syxt, the xxxvi yere off his regn [?1458]'. (CGR:175).

⁹³ D'fhéadfadh sé gur botún peannaireachta is cúis leis an *h* ag tús na dara míre *-ton#* sa leagan *Curraghon*.

⁹⁴ An comhtharlúint é go raibh an sloinne *Meade* ar an bhfear ar mba leis *Curraghstowne als Meadesbrook* san 18ú haois?

Tá an t-ainm páirce 'The Curraghs' fós ar mhóinéir atá in aice le sruthán ar fheirm atá sa bhaile fearainn Chill Mhichíl/ *Kilmihil*, i bparóiste Chill Mhichíl, barúntacht Chluain idir dhá Lá/ *Clonderalaw* i gContae an Chláir - dhéanfadh an t-aistriúchán *Meadesbrook* an-chur síos ar shuíomh na móinéir sin.

Nuair a thagann foirmeacha Béarla an logainm chun cinn sa 16ú haois, (i ndiaidh *Curraghe*, leagan aontéarmach an logainm atá scríofa i gcáipéis Laidine) is díol spéise é, go gcoinnítear **Currach*, téarma seanbhunaithe coitianta Gaelach, agus go nasctar le *ton/ town(e)* é, téarma a bhaineann le ré nua na Sasanach, a d'eascair as sibhialtacht na nAngla-Normannach. Mar sin, feictear sraitheanna an dá chultúr nasctha in aon fhoirm amháin den logainm ón 16ú haois i leith. Ar ndóigh, bheadh an struchtúr CURRAGH + X ní ba shine ná X + AN + CURRAIGH (Toner 1999:7).⁹⁵

Faightear logainmneacha eile sa leathbharúntacht freisin, a bhfuil an eilimint TOWN iontu, agus iad cáilithe le heilimint Ghaeilge, ach go bhfuil *s* sealbhach an Bhéarla á nascadh le chéile, féach *Betaghstown* [4] < BIATACH + *s* + TOWN, mar shampla, agus samplaí eile i gCaibidil 4, III (i).

Chuir O'Conor/ Ó Donnabháin na leaganacha Gaeilge *Baile Churraigh* (19) agus *Baile Curraigh* (20) ar fáil sa 19ú haois. Cé nach bhfuil sé cinnte gur baineadh leas as ceachtar de na leaganacha seo sa 19ú haois, tá samplaí de *Ballicurragh* AD 1470 agus *Ballycurragh* AD 1472 le fáil i gcomhthéacs *lez Manes de Slane t Newcastlell iuxte dromconragh* (Ed. IV SRPI i:668, 856).⁹⁶

Tá cúig bhaile fearainn eile i gContae na Mí a bhfuil *Curraghtown* mar ainm orthu, sna barúntachtaí seo a leanas: Déise Uachtarach, Déise Íochtarach, Scrín, Ceanannas Íochtarach, An Uaimh Íochtarach i gContae na Mí chomh maith.

⁹⁵ Féach freisin Flanagan 1980 41-45.

⁹⁶ D'aistrigh an t-eagarthóir Berry iad seo go *Curraghtown* (*ibid*:669, 857).

Barúntacht: Damh Liag Íochtarach

Paróiste: Kentstown

[68] FLEMINGSTOWN (ainm Gaeilge le deimhniú *logainm.ie*)

Is logainm Béarla é seo

***Baile na bPléimeannach** (rogha an taighdeora **2014**)

- 1) 1424 Flemyngton jux' Kentestou Rot Pat 231, 14 Hen VI 2
- 2) 1463 [Martyne Bernewall de] CSPI Ed IV: 190, 266
fflemington
- 3) 1654-165 Flemingstowne CS 38
Flemingtowne 39
fflemingtowne X 2 48
1657 Flemingstowne (2): 5 DS Innéacs:AL (*logainm.ie*)
- 4) Flemmingtowne 6 DS Is The Parrishes of Knockhammon,
Painestown Kentowne and Brownestown and
Fenor by Edw^d Wilson (DS Map:AL)
- 5) 1657 [Rathcony] DS:AL (*logainm.ie*)
1657 [Daltonstowne 5 DS Innéacs:AL (*logainm.ie*)
Dalltonstowne 8] DS Map:AL; The Parrishes of Knockhammon,
Painestown Kentowne and Brownestown and
Fenor by Edw^d Wilson
- 6) c1668 Flemings towne 8:14 BSD Index
Flemingstowne [Kentstowne *ibid* 14, 1666 sa téacs
Parish]
Daltonstowne
- 7) 1812 Fleminastown; Darlonstown Co Map 1812: AL (*logainm.ie*)
- 8) 1824 Elemintown HCSV:AL (*logainm.ie*)
- 9) 1824 Dultanstown HCSV:AL (*logainm.ie*)
- 10) 1824 Rathcoon HCSV:AL (*logainm.ie*)
- 11) 1836 Fleminstowne QR (Old Copy):AL (*logainm.ie*)
- 12) 1836 Elemintown GJ Rates (Old Docket):AL
- 13) 1836 Flemingstown Custom: AL (*logainm.ie*)
- 14) 1836 Daltonstown & Rathcoon dúch: AL (*logainm.ie*)
- 15) 1836 Flemingtown including BS:AL (*logainm.ie*)
Daltonstown and Rathcoon
- 16) 1836 Daltonstowne QR (Old Copy): AL (*logainm.ie*)
- 17) 1836 Dultanstown GJ Rates (Old Docket): AL (*logainm.ie*)
- 18) 1836 Rathcoon GJ Rates (Old Docket): AL (*logainm.ie*)
- 19) 1838 Baile Fléimíonn OD:AL (*logainm.ie*)

20)	1838	Baile fleimionn	pl OD:AL (<i>logainm.ie</i>)
21)	1835/6 revised 1899	Flemingstown	ls SO
22)	2011	' fleimiṅ tən	fogharscríobh, Grace Larkin
	2014	' fleimiṅ tun	David Kearney

Is i bparóiste *Kentstown* i mbarúntacht Dhamh Liag Íochtarach i gContae na Mí atá an baile fearainn *Flemingstown*. Tá teacht ar an logainm *Flemingstown* gan an mhír shealbhach sa 15ú haois féach (1), (2) agus arís sa 19ú haois (15),⁹⁷ agus tá sé le fáil leis an mír shealbhach agus dá huireasa sa 17ú haois (3), (4). Ní fhuaimítear an -s- i gcaint na ndaoine san 21ú haois.⁹⁸

Luaitear *Flemingstown* i bparóiste *Clonalvy* agus *Flemingtowne/ Flemingstown* paróiste *Kentstown*, chomh maith le *fflemingtowne* sa CS (3). Is leis an -s- idir *Fleming* agus *towne* atá an dá bhaile *Flemingstowne* comharthaithe i liostaí bhailte fearainn na bparóistí.⁹⁹ Mar sin, tá fianaise an CS ag teacht salach uirthi féin, chomh fada agus a bhaineann sí leis an mír shealbhach. Deirtear freisin sa CS go bhfuil an paróiste *Kentstown*

bounded on the east with the lands of *fflemingstowne* on the west with the Rathcony on the north with the parish of Knockaman and on the south with *fflemingtowne* (39).

Chonacthas go raibh *Rathcony* (5), *Dal[l]tonstown[e]* (5), (6), (15), (16), *Darlonstown* (7), *Dultanstown* (9), (17), *Rathcoon* (10), (18) agus *Daltonstown & Rathcoon* (14) luaite le *Flemingtown* go stairiúil le linn an staidéir seo (CS:39).¹⁰⁰ Is cosúil gur áiríodh mar aon bhaile fearainn amháin iad faoin 19ú haois, mar tugann Ó Donnabháin *Flemingtown including Daltonstown and Rathcoon* (15) orthu.

Glacaim leis gur sciarradh pinn is cúis leis na foirmeacha *Fleminastown* (7), *Elemintown* (8), (12), go bhfuil *Darlonstown* scríofa le haghaidh *Daltonstown* (7), go

⁹⁷ Frítheadh tagairtí stairiúla do *Flemingtown* (gan an mhír shealbhach) i bparóiste *Clonalvy*, féach *Flemingtone P Clonalwey* atá dearbhaithe i gcáipéis de chuid Anraí VIII (CI 1991:102, 168/140) agus *Flemington* atá le fáil i gcáipéis de chuid Séamas I (*ibid*: 358, 58 (5)).

⁹⁸ Tá *Flemingstown* agus *Flemington Bridge* marcáilte ar léarscáil 43 na SO (2010).

⁹⁹ cf. 'The Parish of Clonalvy *Flemingstowne*' (CS:31) agus 'The Parish of Kentstown *fflemingstowne*' (*ibid*:38) agus *fflemingtowne* X 2 ar innéacs ainmneacha bhailte na barúntachta (*ibid*:48).

¹⁰⁰ Féach go bhfuil siad ar liosta *Townes and Villages* i bparóiste *Kentsown* (*ibid*:38) agus ar liosta logainmneacha na barúntachta (*op cit*:48, 49).

bhfuil *Rathcony* (5) scríofa le haghaidh *Rathcoon*, agus gur fágadh -g- amach san fhoirm *Fleminstowne* (11).

Tá go leor tagairtí do *Dalatunaigh* idir AD 1393 agus AD 1406 in Rawl B 488,¹⁰¹ agus sna hAnnála gaelacha eile chomh maith.¹⁰² Scríobh Ó Donnabháin gur ‘family name’ a bhí in *Dalton* sa bhliain 1836. Ní dhéanfar aon mhionphlé ar na logainmneacha *Daltonstown* nó *Rathcony* anseo ámh, nuair nach bhfuil siad ar liosta reatha bhailte fearainn na SO – ar ndóigh, ní mhaireann siad go comhaimseartha.

Is faoin struchtúr SLOINNE + mír shealbhach + TOWN a fhaightear an chuid is mó d’fhoirmeacha stairiúla *Flemingstown*, ón 17ú haois i leith.

Tháinig roinnt Pléimeannach go hÉirinn in éineacht leis na Normannaigh sa 12ú haois (Woulfe:659-60). Tá samplaí d’ainmneacha Pléimeannacha le fáil i gcáipéisí a bhaineann le ceantair éagsúla de chuid Chontae na Mí idir an bhliain 1176 agus an 15ú haois. Is sna hAnnála a fhaightear an chéad fhianaise ar *Ricard Pleimeann* a dtagraítear inti don chreachadh a rinne sé ar Ghail Átha Cliath agus ar Oirialla sa bhliain 1176. Luaitear freisin gur thóg sé caisleán i nDumhach Shláine (1176 Misc Ir Ann:62,§15) agus tagraítear don bhriseadh a rinne Mael Seachlainn Ó Lochlainn air sa bhliain chéanna (*ibid*:§17).¹⁰³ Luaitear mar *Richard le Flemmeng* in *La Geste des Engleis en Yrlande* é, i measc na ridirí siúd a fuair talamh ó Hugo de Lacy. Insítear sa *Geste* gur bhronn de Lacy scór feod air in *Cravode*,¹⁰⁴ atá siar ó *Mellifont*:

Cravode pus a un barun,
Richard le Flemmeng out a nun;
Xx feiz li donat vraitment,
Si la geste ne nus ment (Mulally 2002 :134, 3172-3175).¹⁰⁵

¹⁰¹ cf. Misc Ir Ann: 142, 1392 §2, *ibid*:148, 1393 AD §20, *ibid*:150,1394 AD §6, *ibid*:154,1395 AD §5, *ibid*:152,1401 AD §7, *ibid*:164, 166, 1402 AD §7, §18, *ibid*:170,1403 AD §15, §18, *ibid*:172,1404 AD §5, *ibid*:178, 180-2, 1406 AD §5, §17, §23. Seo sampla: ‘Comhinnsaid do dheanam d’O Ceallaig .i. do Mael Seachlainn do righ h. Mani 7 sochaidh da Conachtaibh malle fris 7 do h. Conchobhair Fhailghi 7 do Cormac h. Mael Seachlainn 7 d’earaibh Mid cu nDalatunach; 7 comriehtain a n-eninadh doibh uili (= they all assembled) a mBhaili Lacha Seimdilli 7 an tir do losgu doib etir foirgneam 7 arbhar, acht hithla an Dalatunaidh a Rait[h] Sgiach da cosnu gu crodha friudh do fein cum ailiis paucis’ (1394 AD *ibid*:150, §17).

¹⁰² Féach innéacsanna ARÉ 7:160 agus AU:109-110, mar shampla.

¹⁰³ cf. ‘Do fasaighdur Gaill Atha Cliath 7 na Midhe Irialá (*sic*) o Boin go Sliab Fuaid, 7 dorinne Ricard Pleimeann caislen a nDumaigh Slaine. ...’ (1176 Misc. Ir. Ann:62 §17), agus: ‘Sluaigneadh la Mael Seachlainn O Lochlainn, ri Ceinel Eoghain, gu fearaibh Ferr[n]muidhi 7 Irgial (*sic*) gu Slaine d’innsaighi Ricaird Pleimeann, goro brisadar tSlaine ...’ (*ibid* §15).

¹⁰⁴ = *Creewood*, *Crabhóid, Gráinseach na Gaoithe, Baile Shláine Uachtarach

¹⁰⁵ Féach freisin *ibid*:162

Feictear foirmeacha infhillte Laidine - *Flandrena (sic)/ Flandrensi/ fflandrense* - agus foirmeacha eile le halt na Fraincise - *le Flemmyng/ le Flemmeng/ le Flemyng(e)/ le Flemeng/ le Flemmang* - mar chéad-leaganacha an tsloinne sna foinsí Laidine.¹⁰⁶ D’fhan na tailte a bronnadh orthu i gContae na Mí i seilbh na bPléimeannach, go dtí gur coigistíodh sa 17ú haois iad (Woulfe 1923:659-660).¹⁰⁷ Is cosúil gur éirigh go maith leo ón 12ú haois go dtí an 17ú haois agus a sloinne fágtha acu mar chéad-eilimint na logainmneacha *Flemingstown/ Flemingtown*.¹⁰⁸

Cé gur luadh *Fleming* i measc ‘those great families of the English Pale’ mar a thug Ó Donnabháin orthu (OSL:154), ní phléitear *Flemingstown*, paróiste *Kentstown* in OSL, ná ní deirtear in aon áit gur chualathas an t-ainm *Baile Fléimionn/ fleimionn* (19), (20) - a mhínítear mar ‘Fleming’s town’ - ó fhianaiseoir ar bith sa 19ú haois. Is le túsлитir #P- atá foirm ghaelaithe an tsloinne *Ricard Pleimeann* le fáil sna hAnnála faoin mbliain 1176, agus é caomhnaithe i Leabhar Mhic Carthaigh sna tuisil ainmneach agus cuspóireach (Misc Ir Ann, *passim*). Mar sin, tá fianaise ann gur gaelaíodh an sloinne as ar cruthaíodh ainm an bhaile, díreach i ndiaidh theacht na Normannach, agus cé nach bhfuil a fhios againn go baileach céard a thugtaí ar an áit san am a mbíodh Gaeil fós ina gcónaí ann, d’fhéadfaí glacadh le ceann de na foirmeacha seo: **Baile an Phléimeannaigh* [i ndiaidh *Richard le Flemmeng*] (nó, i gcás *Flemingtown*, i bparóiste *Clonalvy* - **Baile na bPléimeannach/ *Baile Phléimeannach* [iolra, mar bheadh go leor de shliocht *Richard le Flemmeng* ann faoin am a rinneadh logainm de] mar leagan Gaeilge ar an mbaile fearainn.

¹⁰⁶ Féach: c1188-91 *Hugelino Flandrena (sic), Reingero Flandrensi* (LXXV ICL:88), AD 1195 *Willelmo le Flammeng* (CGR:160, f.189d.), c1224 *Ssthbo fflandrense* (*ibid*:198, f.196), AD 1230 *Edwardo Flaundrensi ... Roberto Flaundrensi* (CIV, ICL:105), *Roberto le Flemmyng* (CVII *ibid*:107), AD 1271 *Adam le Flemmeng* (CGR:160, f.207d.), ? AD 1303 nó ? AD 1326 *Baldewyn le Flemyng* (*ibid*:2 f.1d), ?AD 1330 *Simon Flemynge* (*ibid*:2, f.1d). Féach freisin AD 1175-1397 *Peter le Flemeng, sir Patrick Fleming (Flandrensis), Patrick Flemang, Robert le Flemmang, Simon le Flemeng, Pagan le Fleming, Thomas le Fleming, Richard Flemmyng, John de Flemmyng* (*ibid*:42 f.43d. - f.44, f.44 - f.44d., f.44d., *ibid* 43 f.45, f.45d. agus *ibid*:1 (John), 32 (Reginald, AD 1382), 46 (Robert AD 1340), 47 (Robert AD 1345), agus Robert son of Robert AD 1343, AD 1348, AD 1349), 48, 49, (Robert AD 1349, AD 1350); féach freisin *ibid*: 52, 56, 57, 113, 115, 116,125, 156, 168. Féach freisin go bhfuil go leor *Flemyng* luaite idir AD 1472 agus 1482 in innéacs CSPI Ed IV: 928.

¹⁰⁷ Bhí cuimhne *Fleming* ar marthain i gContae na Mí mar thiarna talún a rinne an caisleán, nuair a bhí O’Conor ar chamchuairt sa cheantar sa bhliain 1836: ‘In Carrickdexter Townland is an old Castle in ruins which the people say belonged to Fleming, who had an estate there before Cunningham got possession of it’ (OSL:113). Féach freisin: ‘In Newstone Townland is an old Castle in ruins called *Cloch Nuadh*, from which the Townland is denominated. Fleming is said to have built this castle, who was proprietor of all the lands from Slane to Ballyhoe (*ibid*:119), agus ‘Site of Syddan Castle is called *Mota an tSidheain*. The castle which stood on this mount was built by Fleming, and pulled down by Cromwell.’ (OSL:123).

¹⁰⁸ Tá foirmeacha éagsúla de *Flemingstown* le fáil i gcáipéisí Eilíse I agus James I a bhaineann le ?*Baile Átha Cliath* /?*Cill Dara* chomh maith le *Flemingtown* eile i bparóiste *Ratoath* a luaitear sa bhliain 1628 (le linn ré Shearlais I) (innéacs CI 1991:599). Chuir an t-eagarthóir ‘unidentified’ le ceann díobh.

Tá 10 mbaile fearainn a bhfuil *Flemingstown* orthu, le fáil sna contaetha a leanas: Cill Chainnigh, Tiobraid Árann, Dún na nGall, Corcaigh, Luimneach agus Ciarraí (dhá cheann), chomh maith le *Flemingtown* i mBaile Átha Cliath, *Flemingtown* i bparóiste Chluain Ailbhe/ *Clonalvy*, Chontae na Mí (*logainm.ie* 2010), agus an baile fearainn *Flemingstown* i bparóiste *Kentstown* a pléadh thuas.

[69] KENTSTOWN

Logainm Béarla atá anseo, nasctha le s + Town in Éirinn, de réir nós na gcoilíneach.

*Baile an Cheantaigh (ainm neamhdheimhniithe *logainm.ie*)

***Baile na Teorainn** (aistriúchán seimeantach, rogha an taighdeora 2014)

- | | | | |
|-----|---------------------|--|--|
| 1) | 1302 - 06 | Church of the vill of Kent | 713 Tax. CDI 1302-7:253 |
| 2) | 1302 - 06 | Church of the vill of Kent | 714 Roll of Tax. CDI 1302-7:262 |
| 3) | c1318 | Kenteston | Charter, CGR:159 f.206d |
| | | Kentiston | <i>féach freisin alt 3, ibid:159 f.206d</i> |
| 4) | 1424 | Kentestou | Rot Pat 231, 14 Hen VI 2 |
| 5) | 1526 | Kentystown <i>sic</i> | IFTS i (Hen VIII):8 F12 |
| 6) | 1529 | Kentyston | Hen VIII 48/90, CI 1991:27 |
| 7) | 1532 | Kentyston | Hen VIII 63/99, <i>ibid</i> :34 |
| 8) | 1535 | Kentestoun | Hen VIII 69/102 <i>ibid</i> :39 |
| 9) | 1536 | Kenteston | |
| 10) | 1570 -71 | [the manors of] Kentiston | IFTS ii (Eliz):241 F1800 (TT <i>logainm.ie</i>) |
| 11) | 1570-71 | [the lands of] Kentiston [P] | <i>ibid</i> :241 F1800 ¹⁰⁹ |
| 12) | 1572 | Kentestowne | CI 1991:206, (viii) |
| | | Kenteston | <i>ibid</i> :208, (xii) |
| | | Kentstown | <i>ibid</i> :212, (16) |
| 13) | <i>recte</i> [1578] | Kenteston | Eliz 125/86, <i>ibid</i> :247 [1878 <i>sic</i>] |
| 14) | 1623 | Kentston [P] | Inq Lag. Jac 1: 58 |
| 15) | 1654 - 56 | Kentstowne [P] | CS 38, 39, 48, 57 X 2 [P], |
| | | & [BF] X 3 | |
| 16) | 1657 | Kentstowne [P] Kentstowne 5 DS Innéacs | |
| | | Kentowne | DS 1s: <i>The Parrishes of Knockhammon</i> |
| | | /Kentowne 1 | <i>Painestowne Kentowne and Brownestown</i> |
| | | | <i>and Fenor</i> by Edw Wilson |
| 17) | 1659 | Kentstown | Census:480 (TS <i>logainm.ie</i>) |
| 18) | 1659 | Kentstown [P] | <i>ibid</i> ¹¹⁰ |

¹⁰⁹ Féach freisin: ‘*F, leathanach 1800 ... in RDK 1875-90*’ (*logainm.ie* 2009).

¹¹⁰ ‘Kent’s towne also in Moorchurch Parrishe’ (*ibid*:482).

19)	c1668	Kentstowne 14	BSD Index
		Kentstowne Parish	<i>ibid</i> 14, Teideal sa téacs
		Kentstowne	<i>ibid</i> 14, 1668 sa téacs
20)	1792	Kentstown/e [P]	Beaufort's memoir, NBBP Co. M:101
		Kentowne map	(Bar.s & Par.s) <i>ibid</i>
21)	1795	Kentstown [P]	Seward's Top Hib, <i>ibid</i> :101
22)	1802	Kentstown [P]	Thompson's Stat Survey <i>ibid</i> :101 (pl)
23)	1809	Kent's T [P]	Scale's Atlas <i>ibid</i> :101
24)	1810	Kentstown [P]	Carlisle's Top. Dic. <i>ibid</i> :101
25)	1812	Kentstown [P]*	Co Map 1812:AL
26)	1821	Kentstown [P]	HCPR, NBBP Co.M:101 OSO July 1836
27)	1824	Kentstown [P]	Beaufort's Map <i>ibid</i> 101
28)	1824	Kentstown	HCSV (TT <i>logainm.ie</i>)
29)	1826	Kentstown [P]	HC Ed R 1826:AL
30)	1826	Kentstown	HC Ed R 1826:AL
31)	[1829]	Parish of Kentstown/ Kentstown	BS:AL Kentstown [P] (TS <i>logainm.ie</i>)
32)	Gan dáta	Kentstown ? [P]	Ecc Ann, NBBP Co. M:101 OSO July 1836
33)	1830	Kentstown [P]	TCBR <i>ibid</i> :101
34)	1831	Kentstown [P]	HC Ir Ecc Reg <i>ibid</i> :101
35)	1835/6 revise, 1899	Kentstown Ho	Is SO
36)	1851	Kentstown [P] Kentstown	Census 1851:549
37)		Kentstowne	Quit Rents (Old Copy):AL [P] féach freisin BF (TS <i>logainm.ie</i>),
38)		Kentstown	GJ Rates (Old Docket):AL (TT <i>logainm.ie</i>)
39)	1836	Kentstown	Custom:AL (TT <i>logainm.ie</i>)
40)	1836	Kentstown [P]	JOD NBBP Co. M:101
41)	[1829]	Baile Cheanta 'Kent's town (from a family)'	OD:AL ¹¹¹
42)	1836	baile cheanta	pl:AL (TS <i>logainm.ie</i>)

¹¹¹ Níl an dáta soiléir.

- | | | | |
|-----|------|------------------------|--|
| 43) | 1836 | Baile an Chintaigh [P] | NBBP Co. M:101
'Kents town' <i>ibid</i> :101. |
| 44) | 2009 | Baile an Cheantaigh | <i>logainm.ie</i> ainm neamhdheimhnithe |
| 45) | 2014 | 'kents,təun | fogharscríobh, go forleathan |

Tá an t-ainm *Kentstown* ar pharóiste agus ar bhaile fearainn i mbarúntacht Dhamh Liag Íochtarach i gContae na Mí. Is ar *Kent* Shasana a bunaíodh an sloinne *Kent/ de Kent*, a thug na Normannaigh leo go Contae na Mí agus iad ag lonnú ansin sa 13ú haois. Deir Ekwall (1936) faoin eilimint KENT:

...variously explained from Celt *canto-* (Welsh *cant*) 'rim, border' ('border country') and from *canto-* 'white'... identical with Welsh *caint* 'plain, open country' ... *caint* may be a derivative of *canto-* 'white, brilliant', the original meaning being 'clearing' (259).

Oireann an chiall 'border' don bhaile fearainn seo, mar go bhfuil sé ar imeallchríoch na leathbharúntachta ar an taobh thuaidh den Ainí.

Is i Laidin a scríobhadh an chéad dá thagairt don bhaile fearainn seo sa bhliain 1302-06, a aistríodh go *vill of Kent* (1), (2). Feictear an múnla coitianta SLOINNE + mír shealbhach + TOWN ar an logainm *Kentstown* ina dhiaidh sin, cé go bhfuil corrsampla den logainm le fáil gan an mhír shealbhach, féach (16), (18). Is iad *es-/-ys- /-is-* na foirmeacha den mhír shealbhach a scríobhadh ó c1318 go dtí deireadh na 16ú haoise, féach (3), (4) – (13). Rinneadh meánchoimriú ar an nguta neamhaiceanta ina dhiaidh sin, agus ba é *-s-* foirm na míre sealbhaigh atá le fáil den chéad uair, mar mhalairt leagan sa bhliain 1572 agus ón seachtú haois déag i leith, féach (12 - 40).

Tá teacht ar mhalairt leaganacha *ton/ toun/ town[e]* sa tríú heilimint. Is í an fhoirm neamhaiceanta *-ton* a scríobhadh sa 14ú haois agus is í sin is minice a bhfuil teacht uirthi sa 16ú haois agus sa chéad cheathrú den 17ú haois – féach (4), (6), (7), (9) – (14), cé go bhfuil taifead ar shamplaí de *-toun* (8) ann freisin. Tá an dá leagan *-ton* (neamhaiceanta) agus *-towne/ -town* (aiceanta) ag saormhalartú lena chéile ag deireadh na 16ú haoise (11), (12) agus ag tús na 17ú haoise (14), (15) .i. in aimsir Eilís I agus Shéamas I. Is í an fhoirm aiceanta *-town[e]* is treise ina dhiaidh sin, foirm atá scríofa i gcónaí ó lár na 17ú haoise i leith agus a mhaireann go dtí an lá inniu, féach (15) – (40).

Maidir le húsáid na heiliminte *Kent* mar shloinne, ba é *William Kynt c1247* (CGR 151 f.196d) an sampla ba luaithe a bailíodh don staidéar seo, agus tá go leor samplaí eile den sloinne le fáil sna cáipéisí Laidine suas go 1371.¹¹²

Go dtí seo, níor tháinig aon leagan Ghaeilge de *Kentstow*n chun solais roimh an 19ú haois. Cé nár thagair Ó Donnabháin do Mhuintir *Kent* nó do *Kentstow*n in OSL, chuir sé dhá leagan Gaeilge ar fáil .i. *Baile Cheanta* (40) agus *Baile an Chintaigh* (41). Roghnaíodh comhréir *Baile an Chintaigh* (42) agus malairt ginidigh an tsloinne ón bhfoirm *Baile Cheanta* (40) agus cuireadh le chéile iad mar leagan neamhdheimhnithe Gaeilge *Baile an Cheantaigh* (43) ar shuíomh na SO (*logainm.ie* 2009).

Bhíodh *Kent's towne* eile in *Moorchurch Parrish* de réir an Census a tógadh sa bhliain 1659 (Pender 1939:482). Tá baile fearainn amháin eile ainmnithe Baile an Cheantaigh/ *Kentstow*n i bparóiste Chill Liatháin/ *Killian*, barúntacht Chill Liatháin/ *Killian* go comhaimseartha i gContae na Gaillimhe (*logainm.ie* 2009).

¹¹² Féach freisin Woulfe (1923:254). Frítheadh go leor tagairtí do *Kynt/ Kent* mar shloinne sna cáipéisí dúchasacha, féach *Peter Kent* AD 1285 (CGR:13, f.8d), *Thomas Kent* AD 1371 (*ibid*:29, f.24d). Is mar *of Kent* a aistríodh an Laidin in CDI, ach is léir ó chomhthéacs na gcáipéisí nach *Kent* Shasana atá i gceist, ach an sloinne *Kent*, féach *John of Kent* AD 1277-8, AD 1284, AD 1281-2, AD 1282, AD 1279, AD 1280-1, (CDR 1252-1284:285, 1496, *ibid*:508, 2189, *ibid*:411, 1892, *ibid*:427, 1912, *ibid*:323, 1613, *ibid*:375, 1784. Féach freisin an t-innéacs ina bhfuil tuilleadh tagairtí do *John of Kent*, chomh maith le tagairtí do *Adam le Kent*, *Henry of Kent*, *Hugh of Kent* (*ibid*:655) agus féach an t-innéacs in CDI 1285-1292:602 ina bhfuil tagairtí do *John of Kent*, *Hugh of Kent*, *Ralph of Kent*, *Christiana the wife of Ralph of Kent* agus *William of Kent*. cf. ‘families of this name, derived from the English county, settled in Meath in the thirteenth century’ (MacLysaght [1957] 1985:176).

Barúntacht: Damh Liag Íochtarach

Paróiste: Kentstown

[70] **KNOCKHARLEY** (ainm Gaeilge le deimhniú *logainm.ie*)

* **Cnoc Eirce** nó ***Cnoc Eircigh** nó * **Cnoc Éirice** (roghanna an taighdeora **2014**)

- 1) 1524 Knokeryke H VIII 10/78 CI 1991:6
- 2) 1629 Knockericke CI 32 CI 1991: A42, 455
X 2 (Knockerycke san innéacs *ibid* 647)
- 3) 1633 Knockeirke Car I 83 Inq Lag
Knockericke
Knockeirkes
Knockerrick
- 4) [gan dáta Knockerricke Car I 157 *ibid*
1625-49]
- 5) [1625–49] Knockerricke ... [in Car I 160 *ibid* (*dextra* A X 2)
Diewleeke]
Knockerricke
Knockerrick (*sinistra* B líne 13)
- 6) 1654-56 Knockerky X 3 CS:38, 39, 48
Knockerke 39
- 7) 1657 Knockhurly 5 DS:5 (féach AL 1836 freisin)
Knockhurley 4 Is DS:The Parrishes of Knockhammon,
Painestown and Kenttowne and Brownestown
and Fenor by Edw^d Wilson
- 8) c. 1659 Knack Erk Census:482
- 9) 1663 Knockhurley Car II 3 *ibid*
- 10) c.1668 Knockhurly 14 BSD Index
Knockhurly *ibid* 14, 1668 sa téacs
- 11) 1824 Knockharly HCSV:AL
- 12) c.1830 Knockharley BS:AL
- 13) 1836 Knockharley Quit Rents (Old Copy):AL
- 14) 1836 Knockharly GJ Rates (Old Docket):AL
- 15) 1830-40 Knockharly Custom:AL

16)	1830-40	Knockharley	JOD:AL
17)	1838	Cnoc Urlaithe	OD:AL
18)	1835/6 revised 1899	Knockharley	OS
19)	2014	'nakarli: 'nak'harli:	fogharscríobh, fear sa bpub. (Kentstown) Paul Kerby

Is i bparóiste *Kentstown* i mbarúntacht Dhamh Liag Íochtarach i gContae na Mí atá an baile fearainn *Knockharley*. Ar an gcéad fhéachaint, is cosúil gur sampla de CNOC + CÁILITHEOIR atá sa logainm seo .i. an struchtúr dúchasach is sine do logainmneacha leis an ainmní CNOC (Toner 1998-00:9, *ibid* 1999:5-24), agus rianófar déantús an logainm ar an mbonn sin, mar thús. Is iondúil go gcáilítear *Cnoc* le mír eile, a chomharthaíonn gné fhisiciúil¹¹³ (atá le fáil go coitianta), dath (coitianta), déantús an duine,¹¹⁴ ainm duine (le fáil go hannamh), nó sloinne duine (níos annaimhe).¹¹⁵ Is cosúil gur athraigh na Sasanaigh cáilitheoir an logainm seo sa 17ú haois, ach má d'athraigh féin, níor athraigh siad a dhéantús Gaeilge.

De réir na fianaise, tá dhá fhoirm stairiúla ar cháilitheoir an logainm seo nach bhfuil aon ghaol acu lena chéile, a bheag ná a mhór. Is féidir a rá go cinnte go mbaineann an dá fhoirm leis an áit chéanna, mar go bhfuil an cur síos céanna ar a suíomh sa CS agus sa DS. Tagann an fhoirm atá sa DS salach ar an bhfoirm atá sa CS ámh, sa chaoi is go bhfuil *Knockhurl[e]y* (7) curtha in áit *Knockerky/- erke* (6). Is é sin go bhfuil *-l-* curtha in áit *-k-* i siolla deireanach an cháilitheora sa DS (7). D'fhéadfaí a rá gur tuaiplis scríbhneoireachta ba chúis leis an dá fhoirm a bheith éagsúil, murach go bhfuil leaganacha éagsúla d'fhoirm seo an logainm le *-k-* in áit *-l-* le fáil i gcáipéisí éagsúla thar tréimhse leanúnach - os cionn céad fiche bliana. Is í *Knokeryke* (1)¹¹⁶ ón mbliain 1524, an fhoirm is luaithe díobh sin, a aimsíodh don staidéar seo, agus bailíodh foirmeacha eile ón 17ú haois i gcáipéisí eile - *Knocker[r]icke* (2), (4), (5), *Knockerrik* (3), (5), mar shampla, chomh maith le foirmeacha a thaispeánann coimriú sa ghuta leathdhéanach féach *Knockeirke/ -eirkes* (3) agus *Knockerky/ -erke* (6). Tá an leagan

¹¹³ Gné tíreolaíoch, fásra, ainmhí, méid, mar shampla.

¹¹⁴ Áitreabh nó leacht, mar shampla.

¹¹⁵ Faightear *Cnoc* i logainmneacha trí heilimint nó níos mó freisin. Bíonn an t-alt in úsáid leis uaireanta agus an mhír dhíspeagthach in úsáid leis uaireanta eile.

¹¹⁶ Scríobhadh buntéacs na foinse seo i Laidin. Níl ach aistriúchán ar fáil anois, cf. an Réamhrá.

eisceachtúil *Knack Erk* (9) le fáil freisin, a bhfuil an siolla deireanach ar iarraidh ar fad ann.¹¹⁷ Is fiú a rá anseo, nach bhfuil aon chosúlacht ann go bhfuil botúin i leagan(acha) an CS - tá an dá fhoirm *Knockerky/ Knockerke* (6) (coimrithe) scríofa leis an *-k-* faoi cheathair, ar leathanaigh éagsúla an CS. Chomh maith leis sin, is í an fhoirm *Knack Erk* (8) a scríobhadh sa daonáireamh a tógadh *circa* dhá bhliain i ndiaidh an DS.

Ach tá fadhb eile ag baint le léirléamh an chéad cháilitheora; Ar cheart é a léamh mar fhoirm thrí-shiollach *-eryke/ -er[r]icke/ -errick[]*, nó arbh í an fhoirm dhéshiollach *-eirke/ -eirkes/ -erky/ -erke* an fhoirm is gaire don Ghaeilge bhunaidh? Pléifear an dá fhéidearthacht i gcomhthéacs mhoirfeolaíocht an cháilitheora, a d'fhéadfadh a bheith (i) ina aidiacht, nó (ii) ina ainmfhocal baininsneach, sa tuiseal ginideach a bheadh caolaithe agus guta neamhaiceanta *-e#* curtha ag an deireadh.¹¹⁸

Maidir le (i), ní oireann an aidiacht **erc**, (2 DIL) leis an mbrí 'speckled, dark red', mar thabharfadh sí foirm aonsiollach nach mbeadh caolaithe - a leithéid d'fhoirm **Cnoc e[a]rc*, nach bhfeileann, mar go n-éilíonn an logainm cáilitheoir caolaithe déshiollach.

Maidir le (ii), má bhí síneadh fada ar thúsleitir *#E-* sa Ghaeilge bhunaidh, shamhlófaí go bhfeilfeadh an focal *éiric* (ginideach *éirice*) don cháilitheoir, agus d'fhéadfaí **Cnoc éirice* 'hill of retribution' a athchóiriú mar leagan Gaeilge don logainm. Tá cúpla sampla againn de cháilitheoirí, a bhfuil iarmhairt troda le n-aireachtáil sna logainmneacha; is iad sin sin *Cnoc Fola* i nDún na nGall agus *Cnoc an Áir* (Ní Shéaghdha:1942 i:144). Mhol an tOllamh Nicholas Williams **Cnoc éirice* 'hill of compensatory payment' don logainm atá á ríomh anseo, agus é ag díriú airde ar an logainm *Bealach Féich* 'the road of the debt' atá le fáil i dTír Chonaill.¹¹⁹ Is ceist í do na staraithe cén *éiric* a bheadh ann sa 16ú haois, sula bhféadfaí talamh slán a dheanamh de, go bhféadfadh **Cnoc éirice* 'hill of retribution' a bheith mar bhunús leis.

Nó, má léitear *-eryke/ -er[r]icke/ -errick[]*, ag glacadh leis gur guta cúnta atá léirithe sna foirmeacha sin, an bhféadfadh sé go bhfuil na foirmeacha *-eirke/ -eirkes/ -erky/ -erke* níos gaire do thuisseal ginideach an ainmfhocail **erc**, a bhfuil na cialla ábhartha a leanas aige:

¹¹⁷ Tá sampla stairiúil den logainm cosúil *Knockeuyke iuxte Slane* (tá comhartha le haghaidh r os cionn an **u** sa tras-scríobh) le fáil ón mbliain 1465 (SRPI i:414). Is é *Knocerk* i bparóiste *Slane* atá i gceist leis an sampla seo. Rinneadh tagairt don áit chéanna sa 17ú haois freisin (Car I 160(Inq Lag); seo líne ábhartha na cáipéise (5) thuas: 'Þmiss' in Knockerrick tenent' de pfat' Nic' Barnewall, ut de maner' suo de Slane' (= an líne leathdhéanach).

¹¹⁸ Cé go bhfeilfeadh ainm duine sa tuiseal ginideach structúr an logainm, ní oirfeadh *Eirc*, ginideach de *Erc* (mac le *Cairbre Nia Fear*), toisc nach ginideach déshiollach é.

¹¹⁹ Comhrá pearsanta, 2010.

(6 **erc**, DIL) a bee

(5 **erc**, DIL) a reptile of some sort, a lizard

(4 **erc**, DIL) a spotted or red-eared cow, a cow

Maidir le **herc** sa chiall ‘bee’, tugann Ó Cléirigh na gluaiseanna *earc* .i. *beach* ‘a bee’, agus *earc* .i. *mil* ‘honey’ (Miller1879-80:408),¹²⁰ agus cé go bhfuil sé inchreidte go mbeadh bláthanna ar chnoc as a ndéanfadh beacha mil, is deacair na heilimintí CNOC agus EARC a athchumadh mar logainm, mar níor thángthas ar aon sampla de chlaonthuiseal caolaithe den fhocal **erc/ earc** sa chiall ‘bee’, ní a chothaíonn deacrachtaí an dá eilimint a chur le chéile.¹²¹

Maidir le **herc** agus an chiall ‘a reptile of some sort, a lizard’ leis, tá a fhios againn gur ainmfhocal baininscneach a bhíodh ann. Tá dhá shampla le fáil de sa ghinideach uatha, atá i riocht déshiollach sa litríocht dhúchasach, féach:

toirrcheas na heirce is í soin
doigh sheirce trem chlí do chuir
(O’ Rahilly:1925 (1976):93 líne 23)¹²²

agus

bhis toirrces na herci slebhe
(Friedel & Meyer, 1907:129)¹²³

ach is samhailtí ar an diabhal agus ar ‘viper’ faoi seach na hearca thuasluaite, i gcomhthéacs an dáin ghrá ‘Corrach do chodlas a-réir’ agus i gcomhthéacs an scéil theagaisc reiligiúnda *Aisling Tundail* faoi seach. Mar sin féin, is samplaí iad sin a bhfuil an tuiséal ginideach uatha go soiléir iontu. Shamhlófá, ámh, níos mó ná earc amháin ar chnoc. D’fhéadfadh sé go bhfuil iarsma den iarmhír -ACH (Ó Máille 1987:28) (*-AIGH sa tuiséal tabharthach) léirithe san -e#/-y# sna samplaí -e[i]rke/ -erky,¹²⁴ nó b’fhéidir go mba cheart smaoineamh ar an ainmfhocal ‘earc’ mar chnuasfhocal - *CNOC + EARC

¹²⁰ Tá bríonna eile tugtha ag Ó Cléirigh mar a leanas: *earc* .i. brasán ‘a salmon’, *earc* .i. breac, nó ní breac ‘speckled, or a speckled thing’, *earc* .i. bó ‘a cow’ *earc* .i. dearg ‘red’. **Earca iuchna** .i. cénél bhó ‘a kind of cow’ .i. clúais dearga ‘white cows with red ears’ (*op cit*). Pléifear **Earca iuchna** ar ball.

¹²¹ Ní thugtar inscne **6 erc** in DIL:164.

¹²² Ba é Tadhg Mór Ó Cobhthaigh ‘oide sgol Éireann re dán ina aimsir’ an file. Eisean a mhúin ceird na filíochta do Mhaghnas Ó Domhnaill c 1490 - 1563 (www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=1422).

¹²³ Is as téacs *circa* 15ú/ 16ú haois, *La vision de Tondale (Tnudgal)* a thagann an tagairt seo.

¹²⁴ Shamhlóinn *s* sealbhach an Bhéarla ag deireadh na foirme -eirkes.

(tabh) **hill of the lizards* mar ní dócha gur *CNOC+ EARC (gin) **hill of the lizard* san uimhir uatha is bunús leis an logainm.

Fágann sé sin **erc** sa chiall ‘a spotted or red-eared cow, a cow’ (nach bhfuil aon inscne luaite dó in DIL), féach:

Earca Iuchna .i. cenél bho ‘a kind of cow,’ .i. ba fionna ó deargha .i. clúais dearga ‘white cows with red ears’ (O’Clery 1879-80:408).¹²⁵

Ós rud é go mbaintear leas as an ainmfhocal **bó** le haghaidh ‘cow’ go comhaimseartha, d’fhéadfadh sé gur foirm reoite an ghinidigh atá caomhnaithe sa logainm sna foirmeacha a leanas: *-eryke/ -er[r]icke/ -errick* le guta cúnta, agus *eirke/ -eirkes /-erky /-erke* gan ghuta cúnta - tá teacht ar shampla déshiollach d’**erc** sa tuiseal ginideach, mar atá le fáil in *Acallamh na Senórach*, féach *gáir graifni 7 gáir erca* (Stokes 1900:13, 452).¹²⁶

Chonacthas gurb iad *na heirce/ na herci* foirmeacha uatha an ghinidigh a scríobhadh sa 12ú haois déag agus *circa* an 15ú/ 16ú haois faoi seach, agus gurb é *earca* a scríobhadh sa 17ú haois an fhoirm eile ginidigh uatha atá le fáil sa litríocht (*et passim*). Is cosúil mar sin gurb í an fhoirm chaolaithe an fhoirm is luaithe a fhaightear sa teanga. Mar sin d’fhéadfadh sé gur **Cnoc Eirce/ *Cnoc Eirci* ‘Hill of the red-eared cow’ nó ‘Hill of the lizard’ is bunús le *Knokeryke/ Knocker[r]icke/ Knockerrik/ Knockeirke/ Knockeirkes/ Knockerky/ Knockerke*. Más cnuasfhocal atá sa cháilitheoir, chaithfí deireadh na bhfoirmeacha *-eryke/ -er[r]icke/ eirke/ -eirkes /-erky /-erke* a léamh mar -AIGH .i. mar chlaontuiseal den iarmhír logainmníochta -ACH chun an bhrí ‘hill of the lizards’ a bhaint as.

Ní féidir neamhaird a thabhairt ar an bhfoirm *Knockhurl[e]y* (5), (8) a tháinig chun cinn sa 17ú haois agus a lean, le hathrú guta *-u-* go *-a-*, mar *Knockharl[e]y* (10) - (15), (17). Cé go bhfuil cosúlacht sloinne ar an mír *hurl[e]y/ harl[e]y*, ní le Contae na Mí a bhain na Gaeil *O’Hurley, Hurley* (> *Ó hUrthuile/ Ó hUirthuile*), ach le Dál gCais, le Tuamhain agus le Cnocalonga in Oirthear Luimnigh. Níor bhain muintir *hIarfhlatha/*

¹²⁵ cf. an t-alt a scríobh Bergin ar bheithí bána le hó dearga (1946:170) agus an cur síos orthu atá ag Sanders (1936).

¹²⁶ ‘Cáilte cecinit: Tri thuili. ticed a dún árd Ruidi, tuili ógán, tuile ech. tuile milcon mac Luigdech. Trí ceolu. ac ríghuibh seghda ar sodhain ceol crot. ceol timpán co mblaidh. dórd Fir tuinni meic Troghain. Trí gáire. bidh ann gan uair fa terca, gáir ceathnata dá faidhchi. gáir graifni agus gáir erca...’ (*op cit*, as *The Book of Lismore*, línte 445 - 452).

hIarlaithe/ hIarlatha le Contae na Mí ach an oiread, ach le Baile Bhuirne i gCorcaigh (Woulfe 1923:577, 569).¹²⁷ Mar sin ní dócha gur sloinne Gaelach atá i gcáilitheoir an logainm seo.

Maidir leis an sloinne Sasanach *Harley* > ó ainm áitribh i *Shropshire* agus in Iarthar *Yorkshire* (Hanks & Hodges 1989:241),¹²⁸ níl *Harley* (ná *Hurley*) luaite i measc sloinnthe mhuintir Chontae na Mí in ionchúisithe na 16ú haoise, ná na 17ú haoise, an t-am a athraíodh an cáilitheoir ó *eirice/ eirike* srl go *harley*.¹²⁹ Ní áiríonn O’Conor (1836) an sloinne *Harley* i measc áitritheoirí pharóiste ar bith i gContae na Mí (OSL). Níor cláraíodh ach breith seachtair den sloinne *Harley* in Éirinn uile sa bhliain 1890, agus níor rugadh aon duine den seachtar sin i gCúige Laighean (Matheson:1909:52). (Is sa bhliain 1657 a fheictear an logainm *Knockhurl[e]y* (7) den chéad uair, a d’athraigh go *Knockharly* (10) in 1824, an fhoirm a mhaireann go dáta).

Maidir le muintir *Hurley*, as 134 díobh, níor rugadh ach 15 díobh sin i Laighean faoin mbliain 1909 (*ibid*:54), tuairim is dhá chéad bliain go leith i ndiaidh an chéad taifead ar an sampla *Knockhurl[e]y* (7). Tá sé neamhdhóchúil mar sin gurb é an sloinne gaelach *Hurley*, ná an sloinne gallda *Harley* atá ag cailiú CNOC sa logainm seo, toisc

1. easpa fianaise ar mhuintir *Hurley/ Harley* a bheith sa cheantar
2. chomh hannamh is a bhíonn CNOC + SLOINNE le fáil
3. nach struchtúr é CNOC + SLOINNE a ghlac na coilínithe chucu agus iad ag athainmniú áiteanna.

Mar sin, ní fios cé as a tháinig an cáilitheoir *-hurl[e]y* (7) sa logainm seo.

Is í an fhoirm *Knockerky* (6) a scríobhadh sa CS. Tharlódh go mb’fhéidir go ndearna scríobhaí an DS míléamh air sin nuair a bhreac sé *Knockhurly/ Knockhurley* (7) ar an léarscáil,¹³⁰ mar tá *Knack Erk* le fáil sa Census in c1659 (8). Sílim go mb’fhéidir

¹²⁷ Is iad na leaganacha éagsúla a thugann Matheson le haghaidh na bliana 1890 ná *Hurley, Harley, Herly, Herlihy, Herly, Murhilla, O’Herlihy* (1901 B:46). Féach freisin go bhfuil na foirmeacha *Ó hUrthuile, Ó Muirthile, Ó Muirghaile, Murhilla, Murley, O Herlihy, Ó hIarlatha* ag MacLysaght ([1957] 1985:164, 155).

¹²⁸ *Harley* > Sean-Bhéarla: *Haer* ‘a rock/ heap of stones’ nó *hara* ‘a hare’ + *lēah* ‘a wood clearing’ (*op cit*). Mínítear OE *Hār* mar ‘hoary grey’ sa *Concise Oxford Dictionary of Placenames*:207-8. Mínítear *lēah* mar: ‘an open place in a wood, a part in a wood with the trees scattered so that the grass can grow’. Is iad na foirmeacha gaolmhara a thugtar ná OHG *löh* ‘grove’, LG *löh* ‘thin wood’, *Du loo*, ON *ló* ‘low lying meadow’, Lat. *Lúcus* ‘grove’ (*ibid*:278). Ciallaíonn *lēah* ‘a piece of ground’ > *lēage*, féach *Cartularium Saxoricum* [Cart Sax] agus *Altenglisches Flurnamenbuch*. Tugtar *lēah* > *lea* ‘a meadow’ in [Cart Sax] freisin (Anglo-Sax Dic 1898:183).

¹²⁹ Ceadaíodh Inq Lag, CI 1991 agus CSL 1540-1. Níl an sloinne *Hurley* in aon cheann de na foinsí sin.

¹³⁰ Is litreacha arda iad *l* agus *k* agus b’fhéidir go raibh lúb ar an *-l-* a athraíodh go *-k-* go hearráideach agus tras-scríobh ar bun.

go ndeachaigh scríobhaithe na gcáipéisí oifigiúla gallda sa mhuinín ar leagan contráilte an DS ina dhiaidh sin, ní a bhunaigh an botún.

Maidir leis an leagan Gaeilge *Cnoc Urlaithe* (17), tá an chuma airsean gur foirm aischruthuithe í atá bunaithe ar an múnla CNOC + *SLOINNE GAELAITHE.

Cá bhfios nach mb'fhacthas do na daoine gan Ghaeilge gur de dhéanamh CNOC + SLOINNE an logainm agus go mba cheart go mbeadh #H- curtha roimh an dara heilimint i ndiaidh CNOC ar analach leis an sloinne *Harley*?

Léiríonn an fhianaise gurb é [kNuk] an chaoi lena bhfuaimítear *Knock* sa logainm *Knokeryke/ Knocker[r]icke/ Knockerrik/ Knockeirke/ Knockeirkes/ Knockerky/ Knockerke* agus *Knockharley*, ón 16ú haois i leith, ach faightear [kr] freisin i bhoirm stairiúil de chuid na 16ú haoise i gcás bhaile fearainn eile na leathbharúntachta, féach *Cracamothan* (4), *Knockcommon* [81], ní a thaispeánann go raibh an dá chleachtas ann maidir le fuaimniú charn na gconsan ag tús na heiliminte CNOC sa 16ú haois.¹³¹

Mar achoimre, d'fhéadfadh sé gurb é *Cnoc éirice* 'hill of retribution', nó **Cnoc Eirce/ *Cnoc Eircigh* sa chiall 'Hill of the lizard/ lizards' nó 'Hill of the red eared cow bunleagan Gaeilge *Knokeryke/ Knocker[r]icke/ Knockerrik/ Knockeirke/ Knockeirkes/ Knockerky/ Knockerke* agus go ndearnadh míléamh ar an bhfoirm *Knockerky* (6) atá le fáil sa CS nuair a bhreac scríobhaí an fhoirm *Knockhurly/ Knockhurley* (7) ina áit.

Is áit í *Knockharley* a luíonn idir 60 agus 70 imlíne airde (Is SO 43, 2010).

¹³¹ Bíonn an dá rogha ann maidir le fuaimniú *Knock* - [kNuk] nó [kruk] (Joyce 1867:50-1, 382). cf Williams 1994: 471-72, 10.11 freisin.

Barúntacht: Damh Liag Íochtarach **Paróiste:** Kentstown

[71] **TUITERATH** (ainm Gaeilge le deimhniú *logainm.ie*)

Sloinne gallda + eilimint Ghaeilge faoi struchtúr an Bhéarla atá anseo

***Ráth na nDúiteach** (rogha an taighdeora **2014**)

- 1) 1589 Tuterathe *alias* Eliz 196/247, CI 1991:281
Farringtonrathe
- 2) 1598 Towterath Eliz 240/165 (1) *ibid*:309¹³²
- 3) [roimh Tathrath Inq C.1:AL *logainm.ie*
1649]
- 4) 1654 - Tuiterrath CS 38, 39
1656 Tuiterrath 49
- 5) 1657 Tinterrath (*sic*) DS 3 Innéacs [botún scríobhaí]
1657 Tuiterrath ar liosta bhailte fearainn paróiste *Kentstown*
5 Tuiterrath DS Is: The Parrishes of Knockhammon Painestowne
Kentowne and Brownestown and Fenor by Edw Wilson
- 6) 1659 Tuthrath Census:480 [6 Irish]
- 7) 1700 Tuiterrath Forfeited Estates 1700:84
- 8) 1824 Tuit Rath HCSV:AL, TT *logainm.ie*
- 9) c1830 Tuiterrath BS:AL, TT *logainm.ie*
- 10) 1836 Tuit-Rath GJ Rates (Old Docket):AL
- 11) 1836 Tuiterrath Custom:AL
- 12) 1836 Turthrath HC Educ. Rpt.1826:AL
- 13) 1830-40 Tuiterrath JOD:AL *logainm.ie*
- 14) 1838 Duibhide ráth OD:AL TT *logainm.ie*
- 15) 1838 Dibhide rátha pl:AL, TT *logainm.ie*
- 16) 2014 'tzu:t ' raθ fogharscríobh, David Kearney,
'tzu: θ ' raθ Paul Kerby

Tá an t-ainm *Tuiterrath* ar bhaile fearainn i bparóiste *Kentstown*, barúntacht Dhamh Liag Íochtarach i gContae na Mí. Logainm coitianta i Normainn na Fraince is ea *Tuite* atá gaolmhar leis an ainmfhocal *thwaite* sa Sean-Bhéarla a chiallaíonn ‘coillearnach ghlanta’.¹³³

¹³² cf. Nóta san innéacs: ?*Kk Or* nó *M* (*ibid*:749).

¹³³ Woulfe 1923:280. Féach freisin Íoslannais *þveit* (Skeat:645).

Is logainm dhá mhíre atá in *Tuiterath* - *Tuite*- agus *-rath* > RÁTH. Is faoi struchtúr an Bhéarla SLOINNE + RÁTH atá an logainm, agus ord an dá eilimint contrártha leis an ngnáthphátrún Gaelach, gné a phléifear i gCaibidil 3, 2.2 mar aon leis an eilimint RÁTH. Is ón sloinne *Tuite*- a thagann an chéad eilimint de *Tuiterath*. Tháinig muintir *Tuite* ón Fhrainc go Sasana le linn choncas na Normannach san 11ú haois, agus ina dhiaidh sin, thaistil *Richard de Tuite* go hÉirinn le *Strongbow* (ICL: 254,274).¹³⁴ Tugadh feod saibhir dó, cf. Mulally 2002:

A Richard Tuit ensement
Donad riche feffement (*La Geste*:133, 3146-7).

Tá CGR agus ICL breac le tagairtí éagsúla do mhuintir *de Tuyt/ Tuyt/ del Tuyt/ de Tuit/ de Tuith/ le Tuit/ de Tuht/ Tute/ de Tute/ Tut/ de Tuyte/ de Twyt* idir c1185 agus 1408, chomh maith le tagairtí do *Alice Tuyt, Nicholas fitz a Thomas Tuyt, Thomas Tute* agus *Andrewe Tuyt* in SRPI idir na blianta 1465 agus 1476-7.¹³⁵ Is í an tagairt is luaithe do thalamh *Tuit* a frítheadh don staidéar seo ná tagairt do *terra Mathei del Tuit* (Davies, Quinn 1941:20, 22)¹³⁶ a thairfead Willelmus Petit, seanascal na Mí i gclár Laidine de chuntais na Mí le haghaidh an státchiste, sa bhliain 1211-1212. Luaitear áiteanna i gContae na Mí¹³⁷ le muintir *Tuyt/ Tuite* srl sna cáipéisí eile Laidine, chomh maith le háiteanna in Oiriaila, i mBaile Átha Cliath agus san Iarmhí (mar a thugtar anois air).¹³⁸ Bronnadh tailte orthu i gContae an Longfoirt, i gContae na Mí agus san Iarmhí, a d'fhan

¹³⁴ Féach freisin: ‘Richard de Tuite ... obtained from his leader fair possession in Teffia (*Teafa* [Lo]), and was made a Palatine peer by the title of Baron of Moyashill [*?Moyashel* = *Rathconnell*, (IM)]. He was killed in 1211 by the fall of a tower in Athlone’ (*Patronym Britan*:357). Bhí roinnt tailte ina sheilbh, cf. ‘... extensive estates in Longford, Meath and Westmeath down to the confiscations of 17th century’ (Woulfe 1923:280).

¹³⁵ Féach innéacsanna CGR:248-9, ICL:343, SRPI i: 927 agus SRPI ii:518.

¹³⁶ Féach freisin ‘land of *Mathew de Tuit* may be Tippermessan’ (fonóta, *op cit*:32), IM anois de réir Onom Goed:634). Ridire de chuid Hugh de Lascy ba ea an *Mathei del Tuit* seo (CDI 1171-1251:96, 623). Féach freisin: ‘The K. notifies to G de M his justiciary of I that he restores to Walter de Lascy the castles of Nober [and] Ratouth, which belonged to Hugh de Lascy his brother, and of *Typermesan* which belonged to *Matthew de Twit* and are of the inheritance of Walter...’ (*ibid*:110, 719). Frítheadh tagairtí do *Richard de Tuyt* a bhí luaite le *Ballyadon* [BÁC] c1185 (CGR:129 f.163d.). D’fheidhmigh *Ricardo de Tuit* agus *Mathia de Tuith* mar fhianaiseoirí in AD 1190 ar *Carta Walteri Lacy facta Hugoni Lacy de Rathtowith Mackergallynge et cetera* (*ibid* 190 f.188d).

¹³⁷ Mar shampla, luaitear *Rathowith* (Ráth Tó), *Margallen* (Machaire Gailleang (*Morgallion*), *Balybyn* (in *Cookstown*), *Dunboyn* (Dún Bóinne), *Nany* (X 2, *Julianstown*), *Drogheda*, *Minnichtestoun* (= *Ministown*), *the Nynche* (An Inse), *the Bathirgoyn*, *Brodmede* (in *Ministown*), *Athfore* (*?ager ?partum?* in *Ministown*), *Trim*, *Arthurstown* (in Damh Liag), agus *Colp* ina measc (féach CGR agus ICL *et passim*). Tá os cionn 30 tagairt do mhuintir *Tuite* sna foinsí seo.

¹³⁸ Tá *Portmacyueran* [in *Ergalia*] (Oirghialla) (CGR 198 f.196), *Ballymadon* (i mBaile Átha Cliath) (*ibid*:129 f.163d.), *Sennak* (ICL:124)/ *Sunnach* (CGR:11 f.8) (= *Sonnagh*), agus *Killowagh/ Killowathe* (*Killua* san Iarmhí) (*ibid*:173 f.223) ar na háiteanna a luaitear. Féach freisin *Tutyston* (Tuitestown san Iarmhí) (CSL 1540-1:44).

ina seilbh (beagnach 500 bliain) go dtí gur coigstíodh sa 17ú haois iad (Woulfe 1923:280). Faoin am sin, ámh, bhí a sloinne fágtha mar eilimint i logainmneacha na náiteanna a raibh baint acu leo.

Is cosúil gur iarracht atá ann san fhoirm *Tuyt* ná [tʲit] na Fraincise a léiriú. Is foirm eile ar fad í an sloinne *Tute*, atá le fáil i dtrí cháipéis Laidine ó fhoinsí éagsúla idir deireadh na 14ú haoise agus AD 1465,¹³⁹ agus an chosúlacht uirthi, go bhfuil an ruaig curtha ar an nguta Francach i Laidin na Sasanach. Is í an fhoirm seo *Tute* (1) AD 1589, a fhaightear mar chéad-mhír an logainm sa chéad shampla stairiúil, a bailíodh don staidéar seo.

Frítheadh foirm ghaelaithe den sloinne - *Duiteachaibh* (sa tuiseal tabharthach iolra),¹⁴⁰ beagnach 200 bliain roimhe sin sa bhliain 1392, i gcomhthéacs thuairisc ar chreach mhór a rinne Clann Sheáin Uí Fhearghail ‘ar Gallaibh .i. ar Duiteachaibh’ (Misc Ir An 144, §10, §15).¹⁴¹ Is léir ón sainmhíniú *Gallaibh .i. ar Duiteachaibh* atá sa téacs, go raibh muintir *Duiteach* (> ?**Dúiteach*)¹⁴² aitheanta agus ainmnithe ina sloinne ag na Gaeil faoin 14ú haois. Bhí an fhoirm chomh buanaithe sin gur infhilltí í sa tuiseal tabharthach iolra, mar is léir ó thagairt sin na bliana 1392. Mar sin, d’fhéadfaí a áiteamh go raibh an fhoirm **Dúiteach* in úsáid mar thuisseal ainmneach uatha agus mar thuisseal ginideach iolra, cé gur chosúil nach bhfuil teacht ar cheachtar de na foirmeacha sin sa litríocht dhúchasach.

Má fhreagraíonn *Duiteach* do *Tuite*, freagraíonn an fhoirm *Tute* atá mar eilimint in *Tuterathe alias Farringtonrathe* (1), AD 1589, don sloinne *Tuite* freisin. Is féidir tátal a bhaint as an *alias Farringtonrathe*, gurb iad muintir *Farrington* a bhí i bhfeidhil ar an mbaile fearainn sa bhliain 1589, ach níor sheas a sloinne siúd - *Farrington* - mar eilimint sa logainm.¹⁴³

Glactar leis anseo gur sciordhadh pinn is cúis leis na foirmeacha *Tathrath* (3) sa 17ú

¹³⁹ Féach *Alice de Tute* (CGR:173 f.223), *Iohannes Tute* (CLXV, ICL:182), *Thomas Tute* (SRPI i:386)

¹⁴⁰ Ceanglaíonn Ó hInnse (eagarthóir *Misc Ir Ann*) *Tuites* le *Duiteachaibh*. Is mar *Tuites* 1392 a thagraítear dóibh in innéacs na foinsé (*op cit*:199). Is cosúil gur gaelaíodh an sloinne ar an gcaoi seo: SLOINNE + IARMHÍR [DHUINE] <**Dúit* + *each* - táim ag glacadh leis gur guta fada [u:] ba cheart a bheith ann. Maidir leis an bhfóineolaíocht, is cosúil gur athraigh #t- go #d- sa Ghaeilge am éigin i rith na 14ú haoise – tá an fhoirm *Duiteachaibh* le fáil faoin mbliain 1397. Féach freisin [t] go [d] in *Tuilén* go *Duilén* - *Cairnig.i. a Tuilen* agus ‘*St Carneagh* - of Dulane, Co. Meath.’ (Murphy 1896:77, fonóta 7). Tá #T (*Tuilén*) le fáil idir AD 754 agus AD 1309. Tá bearna san fhianaise ansin go dtí an 17ú haois i leith, nuair atá *Duleene/ Dulane srl* scríofa. Seo é an *Cairneach* atá le fáil sa logainm *Donacarneay*, féach *Donacarneay Little/ Great* [7]. Ar ndóigh, níl de dhifríocht idir na fóinéim [t] (ailbheolach) agus [d] (ailbheolach) ach glórú i gcóras foghraíochta na Gaeilge.

¹⁴¹ as Rawl. B 488.

¹⁴² Dá mbeadh síneadh fada ar an *ú*, **Dúit*+ *each*, ba ghairne an t-ainm don bhunfhoirm Francach *Tuite*.

¹⁴³ Ní phléifear an logainm *Farringtonrathe* anseo.

haois agus *Turthrath* (12) sa 19ú haois. Fágadh *Towterath* 1598 AD (2) i dTábla na samplaí stairiúla,¹⁴⁴ mar go bhfuil nóta in innéacs na foinse as ar tógadh é a deir:

Kk Or [Kilkenny Ormond], Tuiterrath M [Meath]?

Ós rud é go mba as Cill Chainnigh na finnétithe, féach

... Witnesses to attornment by ... & John Rou of Towterath,
farmers of lands in co. Kilkenny (749)

tharlódh go raibh *Tuiterrath* eile, litrithe *Towterath* sa chontae sin.¹⁴⁵ Maidir leis na foirmeacha défhoclacha *Tuit Rath* (8) agus *Tuit-Rath* (10) a taifeadadh sa 19ú haois, is cosúil go léiríonn siad iarracht an logainm a chur in oiriúint go hiomlán do chomhréir an Bhéarla, cé gur saormhalartaíodh iad le *Tuiterrath* (9), an fhoirm atá le fáil sa BS, agus tharlódh go léiríonn an fhoirm sin nós urlabhraíochta comhaimseartha mhuintir na háite níos fearr.

Léirigh Ó Donnabháin an sloinne *Tuite* le *Duibhide* san fhoirm *Duibhide ráth* (14) sa bhliain 1838, a mhínigh sé mar ‘rath or earthen fort of the Tuites’, agus le *Duibhide* san fhoirm *Duibhide rátha* (15), leagan nár bunaíodh le dúch. Chloígh sé le comhréir an Bhéarla sna leaganacha Gaeilge sin.

Cé gur léir gur bhain muintir *Tuyt/ Tuite srl*, le sliocht na Normannach, agus gurb é a sloinne atá mar chéad-eilimint sa logainm *Tuiterrath*, níl aon fhianaise ar an logainm seo go dtí an bhliain 1589, os cionn 400 bliain i ndiaidh a dteacht. Mar sin, ní dócha go mbaineann an logainm *Tuiterrath* le chéad-ainmniú bhailte in aimsir na Normannach, nó sna céadta díreach i ndiaidh a dteacht - is cosúil gur ainmníodh *Tuiterrath*, mar aon le logainmneacha eile a bhfuil na heilimintí SLOINNE [nó AINM PEARSANTA] SLEACHTA NORMANNACH/ SASANACH + RÁTH, faoi struchtúr an Bhéarla, le ré nua ainmnithe áiteanna, a tharla le linn réimeas na dTúdarach.

Tá dhá baile fearainn den ainm *Tuwestown* le fáil san Iarmhí go comhaimseartha, chomh maith le ceann amháin i gContae Chill Chainnigh (féach fonóta). Níl ach *Tuiterrath* amháin sa tír.

¹⁴⁴ An dócha gurb ionann an fhoirm *Tuwestown* agus míléamh ar *Towterath*?

¹⁴⁵ Tá *Tuwestown/* Baile an Tiúigh Thoir i gCC (*logainm.ie* 2014).

[72] VELDONSTOWN

Is logainm Béarla é seo > ? *Welldon* (logainm Sasanach agus sloinne Ugánach) a nascadh le s + TOWN, de réir nós na gcoilíneach.

?*Baile *Welldon* (de bharr an tsuímh tíreolaíoch) (2014) nó

?*Baile de *Bhéalatún* (> BAILE + Sloinne) (2014)

- | | | | |
|-----|---------------------------|----------------------------------|---|
| 1) | 1654-56 | Veldonstowne
Veldanstowne | CS 38, 42, 48
42 |
| 2) | 1657 | Veldonstown 5
Velldonstowne 2 | DS 5
DS Is Edw ^d Wilson, The Parrishes of
Knockhammon, Painestown and Kenttowne and
Brownestown and Fenor |
| 3) | 1659 | Veldons town | Census:480 |
| 4) | 1663 | Weldenstowne | Car II 3 Inq Lag |
| 5) | c1668 | Veldonstowne 14
Veldonstowne | BSD Index
<i>ibid</i> 14 |
| 6) | 1824 | Veldenstown | HCSV:AL, TT <i>logainm.ie</i> |
| 7) | 1830 | Veldenstown | BS:AL, TT <i>logainm.ie</i> |
| 8) | 1836 | Veldenstowne | Quit Rents (Old Copy):AL, TT <i>logainm.ie</i> |
| 9) | 1836 | Veldenstown | Custom:AL, TT <i>logainm.ie</i> |
| 10) | 1836 | Veldonstown | JOD:AL, TT <i>logainm.ie</i> |
| 11) | 1835/6
revised
1899 | Veldonstown | Is SO |
| 12) | 1838 | Baile Bhaluinnigh | OD:AL, TT <i>logainm.ie</i> |
| 13) | 1838 | Baile bhaluinnigh | pl:AL, TT <i>logainm.ie</i> |
| 14) | 1851 | Veldonstown | AITTPBI 1851:894 |
| 15) | 2011 | 'veldəns ,təun | fogharscríobh |

Is i bparóiste *Kentstown* i mbarúntacht Dhamh Liag Íochtarach i gContae na Mí atá an baile fearainn *Veldonstown*. Is cosúil gur logainm dhá mhíre é, *Veldon* agus *town(e)* agus nasc de *s* sealbhach an Bhéarla eatarthu. Is í an fhoirm stairiúil is luaithe a

aimsíodh don staidéar seo ná foirm an *Civil Survey* (1). Scríobhadh sampla amháin le túslitir #W- *Weldenstowne* (4) i bhfoinse Laidine, ach is as foinsí Bhéarla a bailíodh na samplaí eile don staidéar seo. Níor aimsíodh ach sampla amháin den logainm ón 18ú haois - AD 1792 *Veldins Town* (MS 26736 atá sa LN), cf. Caibidil 1, **4.10.7.1**.

Níor tháinig ach athrú fánach i nguta neamhaiceanta an cháilitheora sna samplaí a bailíodh ón 17ú haois, féach *Veldan*- (1) *Welden*- (4) agus *Veldon*- (5), ach an oireadh leis an 19ú haois, féach *Velden*- (5) – (9).

Tá samplaí stairiúla den logainm *Weldon* le fáil sa *Domesday Book* chomh luath le AD 1163 (Ekwall 1936:480)¹⁴⁶ agus is cosúil gur thug na Normannaigh nó sliocht na Normannach go hÉirinn é. Is mar shloinne a fhaightear *Veldon* [< ? *Weldon*] i gcáilitheoir *Veldonstown*. De réir Woulfe (1923:245) shocraigh daoine den sloinne *de Beletue/ de Weleton* i mBÁC sa 13ú haois, agus de réir MacLysaght (1978:298) ba áitritheoirí Angla-Éireannacha iad muintir *Weldon/ Veldon*, a shocraigh sa Ghalltacht (*The Pale*) sa 14ú haois.¹⁴⁷ Is é an sampla is luaithe den sloinne *Veldon* a aimsíodh don staidéar seo, ámh, ná *Thos Veldon de Raffyn* [?paróiste *Drakestown*, barúntacht *Morgallion*, Mí], a taifeadadh i gcáipéis a scríobhadh i bhFraincis sa bhliain 1447 (SRPI Hen VI: 92).¹⁴⁸ Glaodh an *Thos Veldon* seo os comhair cúirte, in éineacht le daoine eile as *Bellew*, as *Morechirche* agus as *Moynalte*.¹⁴⁹ Taifeadadh i *Census* 1659 go raibh seisear - ‘4 Irish, 2 English’ - ina gcónaí i *Veldonstown* agus go raibh ochtar *Weldon* ina gcónaí in *Duleek Barrony* (Pender 1939:483).¹⁵⁰ Frítheadh taifead ar dhuine darbh ainm *Jacques Velton* a d’fheidhmigh mar athair baistí ar pháiste *Huguenot* sa bhliain 1734 (La Touche 1893:58).¹⁵¹ Áiríodh *Veldon* agus *Weldon* i measc phríomhshloinnite áitritheoirí

¹⁴⁶ ‘Hill with a spring or by a stream’ (*op cit*) > WELL + DŪN. [DŪN > Sean-Bhéarla ‘a hill’, Meán-Bhéarla *doun* (Pierce 1968: 340).

¹⁴⁷ Tá tagairtí do dhaoine den sloinne *Wel[l]don* in *Morgallion* agus in *Deece* i bhfoinse na bliana AD 1700 (Forfeited Estates 1700:179 – 91). Níor cláraíodh an sloinne le túslitir #V- sna *Convert Rolls*. Tá ceathrar *Weldon* liostaithe san fhoinse sin agus dátaí idir 1753 agus 1776 luaite leo, ach ní luaitear ach duine amháin acu seo le *Gravelmount* Co. na Mí (O’Byrne, Chamney 2005:255).

¹⁴⁸ Féach freisin *John Veldon of Raffyn* a luadh sa bhliain AD 1472-73 i measc tagairtí do dhaoine a raibh an sloinne *Veldon* orthu sa 15ú haois. Luaitear an sloinne *Weldon / Veldon* i gcáipéisí na bhfiosrúchán, a bhaineann le réimeas Anraí VII agus le réimeas Eilís I, sa 16ú haois agus le réimeas Séamas I ag tús na 17ú haois (CI 1991:760).

¹⁴⁹ Is i nDamh Liag Uachtarach atá *Bellewstown*, *Moorchurch* agus is i gCeanannas Íochtarach atá *Moynalte*.

¹⁵⁰ Féach: ‘Principall Irish Names [and their number]’ (*op cit*). Faoi 1851, áiríodh 196 duine in *Veldonstown* (13), ach ní thugtar a sloinnite san fhoinse.

¹⁵¹ Seo é an nóta a scríobhadh sa *Livres des Baptismes des Églises Fransoises Unies de Dublin. Depuis 1716*: Jean de Volder.- Jean, fils de Boniface de Volder et de Elizabeth Kegy, sa femme, est né le mil sept cens trente et quatre, et a esté baptizé le septieme dudit mois, par Monsr. Anthoine Fleury, l’un des ministres de cette eglise; a eu pour parrins Jacques Velton et Robert Kegy, Jones. ANT. FLEURY, Ministre (La Touche 1893:58). Is í Grace Lawless-Lee a scríobh *The Huguenot Settlements in Ireland*,

na mbailte fearainn *Loughbracke* [*Lower Slane*] agus *Grangegeeth* [*Upper Slane*] faoi seach, de réir O’Conor in 1836 (OSL:115, 125).

De réir Reaney & Wilson (1958) frítheadh an fhoirm *de Welledon*, a chiallaíonn ‘dweller by a hill near a stream’, chomh luath le 1197 in *Northampton* (374). Deir Hanks & Hodges (1988) gur gaelaíodh *Weldon* leis an bhfoirm *De Bhéalatún* agus gur athbhéarlaíodh arís é mar *Veldon* agus mar *Belton* (570).

Maidir leis na leaganacha Gaeilge de *Veldonstown*, chláraigh Ó Donnabháin *Baile Bhaluinnigh* (12), a mhínigh sé mar ‘Veldon or Weldon, a family’, agus scríobhadh *Baile bhaluinnigh* (13) san ainmleabhar i bpeann luaidhe. Is i lámh O’Conor atá na tagairtí do mhuintir *Veldon* agus *Weldon* scríofa in OSL (*op cit*). Mar sin, ní fios go cinnte ar chuala Ó Donnabháin an leagan Gaeilge *Baile Bhaluinnigh*. Cé gur furasta a ghlacadh leis an gcoibhneas idir na heilimintí BAILE sa Ghaeilge agus TOWN sa Bhéarla, tá sé deacair coibhneas a fheiceáil idir na cáilitheoirí **Baluinneach* agus *Veldon*. An bhféadfadh sé go raibh Ó Donnabháin ag iarraidh a thabhairt le fios go raibh Vallúnaigh as an Vallúin/ *Wallonia* (atá mar chuid na Beilge anois) tar éis lonnú in *Kentstown* agus gur uatha sin a tháinig **Baluinnigh* mar leagan Gaeilge ar an sloinne *Weldon/ Veldon* atá mar phríomheilimint in *Veldonstown*?¹⁵² Is fiú cuimhniú nár thángthas ar aon fhianaise ar an logainm *Veldonstown* i bparóiste *Kentstown* go dtí an 15ú haois. Is é is dóichí gurb é an sloinne Sasanach *Welldon*, a athraíodh go *Veldon* sa 15ú haois, is bunús leis an logainm seo.

Is cosúil go raibh tuairim eile ann faoi fhoirm Ghaeilge an tsloinne sa bhliain 1900, mar is léir ón méid a dúirt an t-eagarthóir faoi ainm an amhránaí a chan leagan den amhrán ‘Caoineadh ar bhás an athar Risteaárd Paor’ atá ar fáil in *Irisleabhar na Gaedhilge The Gaelic Journal No 118. Ath Cliath, Iúil, 1900 Vol.10*. Sheol P. Carmody an t-amhrán chuig eagarthóir na hirise leis an nóta a leanas:

I send you the the composition of a labouring man named Weldon,
who lives in my neighbourhood ...

(1936), agus is spéisiúil go bhfuil leaca tuama de chuid *Lawless* agus *Lee* sa tseanreilig i mbaile Dhamh Liag (O’Boyle 2002:72).

¹⁵² Téann sé thar scóp an taighde seo fianaise a thóraíocht a thacódh leis an nóisean gur tháinig Vallúnaigh go hÉirinn. Is féidir a rá go cinnte ámh nach n-áirítear *Weldon/ Veldon* ná aon fhoirm ghaolmhar leis i measc sloinnthe na Fraince. Ar ndóigh níor mhar a chéile na Pléimeannaigh a tháinig go hÉirinn sa 12ú haois in éinneacht leis na Normannaigh agus Vallúnaigh. Féach *Flemingston* [68] i bparóiste *Kentstown*.

Deir sé gurb é ‘Robard Bheldon ro chan’, ach scríobhann Mr Joseph H Lloyd, Cúil Cham, Howth (an t-eagarthóir) ag deireadh na nótaí atá leis an amhrán:

We do not like Bheldon as Irish for Weldon. In Co. Meath the Irish form of this surname is Balaton which is probably derived from the the original form (Valaton?) (*op cit*).

De réir MacLysaght:

This is the modern form of the Anglo-Norman Weldon
([1957] 1985:16).

Ar ndóigh tá *Balaton* gar do *Belton* agus an chosúlacht air go bhfuil guta cúnta curtha isteach ann.

Tá *Veldonstown* suite ó thuaidh den Ainí ar shlios chnoic, a bhfuil dhá imlíne airde de 60 agus de 70 méadar marcáilte air, agus luíonn bunáite an bhaile fearainn idir dhá fho-abhainn de chuid na hAiní; mar sin oireann an Béarla *Welldon* ‘Hill with a spring or by a stream’ (Ox dic:480)¹⁵³ sách maith do shuíomh an bhaile fearainn seo. Tharlódh gur ó shloinne mhuintir *Veldon* a díorthaíodh an logainm ámh, a bhfuil taifead fánach orthu i gContae na Mí sna blianta 1447 agus 1836 faoi seach, mar a luadh thuas (chomh maith le taifead ar mhuintir *Weldon* ón 17ú haois go dtí an 19ú haois) agus cuimhnítear gur sa CS i lár na 17ú haoise a fhaightear an chéad sampla stairiúil de *Veldonstowne/Veldanstowne*.

Scríobhadh dhá ainm páirce de chuid *Veldonstown* i mBailiúchán Bhéaloideas na Scoileanna 1930; is iad sin *The Bush Field*, áit a raibh sceach ag fás ag a n-ofráiltí an t-aifreann, agus *Mullac-an-ice (sic)*: ‘so called because people in olden times around it died of thirst’¹⁵⁴ (Coveney *et al* (gan dáta):89).

Is cosúil nach bhfuil ach baile fearainn amháin sa tír ar a dtugtar *Veldonstown*.

¹⁵³ cf. ‘Weldon Great & Little Northamptonshire: [parua Weledene, Wale(s)done DB, Welledon 1163, Pipe roll 1220 Fees ‘Hill with a spring or by a stream’ (*op cit*).

¹⁵⁴ Níl mé in ann aon mheabhair a bhaint as seo, ach seo buille faoi thuairim: *Mullach an iachta/na n-iachtaí ‘the summit of the sigh/-s nó ‘groan/s’.

Barúntacht: Damh Liag Íochtarach **Paróiste:***Cill Chearbain/ Kilsharvan

[73] ANNAGOR (ainm Gaeilge le deimhniú *logainm.ie*)

***Eanach gCorr** (moladh an taighdeora 2014)

- 1) idir 1509 Anagor Inq Hen VIII (Brodigan):AL (TT *logainm.ie*)
& 1553
- 2) 1540-1 [villata de] Possessiones ... de Lanthony in Anglia ...
Angor Comitatus Midie CSL 1540-1: 33
- 3) idir1603 Angore Grant J.I (Brodigan):AL (TT *logainm.ie*)
& 1625
- 4) 1637 Annagh Inq Lag Car I 133
- 5) 1654-56 Anagor CS 35, 36, 48
- 6) 1657 Annagor 6 DS Innéacs
Anagor DS ar liosta bhailte fearainn *Killcarban*
Anagor DS ls ls W^m Farrarnd, cóip le Dan^l O'Brien Surv^r
- 7) 1659 Anegoure Census:479
- 8) 1662 Anagor ASE 1662 (Brodigan):AL (TT *logainm.ie*)
- 9) c1668 Anagor 16 BSD Index
ibid 16, 1666 sa téacs
- 10) 1786 Angore Archdall Mon Hib (White):536
- 11) idir 1803 Anagor GJ Rates (Old Docket):AL (TT *logainm.ie*)
& 1836
- 12) 1812 Annagor Co Map 1812:AL (TT *logainm.ie*)
- 13) 1824 Anagor HCSV:AL (TT *logainm.ie*)
- 14) c 1830 Anagor BS:AL (TT *logainm.ie*)
- 15) 1836 Ath na gcorr OD:AL 'ford of the cranes'
- 16) 1836 Annager Quit Rents (Old Copy):AL (TT *logainm.ie*)
- 17) 1836 Annagor JOD:AL (TT *logainm.ie*)
- 18) 1836 Cana'g-cor pron:AL (TT *logainm.ie*)¹⁵⁵
- 19) 1835/6 Anagor Ho ls SO
revised
1899
- 20) 2014 , ana'go:r fogharscríobh, Kit Casey,
Kevin & Winnifred Collier

¹⁵⁵ Is dócha go seasann 'pron' do 'pronunciation'. Níl *Cana'g-cor* le fáil in OSL. Ba é O'Conor a thaistil ar fud na barúntachta don SO sa bhliain 1836, cf. an méid a scríobh sé faoi in OSL (104-109).

Is i bparóiste *Chill Chearbain/ *Kilsharvan*, barúntacht Dhamh Liag Íochtarach atá an baile fearainn *Annagor*. Is iad na samplaí stairiúla a bailíodh de ná *An[n]agor* (1), (5), (6), (8), (11) - (14), (17), (19), *Annagh* (4), *Annager* (16), *Angor[e]* (2), (3), (9), (10) agus *Anegoure* (7). Meánchoimríodh an guta láir sna samplaí eisceachtúla (2), (3), (9), (10). Is cosúil gur bailíodh an leagan labhartha *Cana'g-cor* (18) san áit sa bhliain 1836, agus ba é *Ath na gCorr* (15) a scríobhadh mar leagan Gaeilge ar an logainm san AL.

Is do EANACH¹⁵⁶ a sheasann na foirmeacha *Anna*, *Annagh*, *Anny* uaireanta i gcóras logainmneacha na tíre (Joyce 1869:461), agus uaireanta eile is do

ÁTH + Alt baininsneach uatha, nó

ÁTH + Alt ginideach Iolra

a sheasann *Anna-* (*ibid*:226, 373).¹⁵⁷

Faightear an dá théarma in éineacht sa dán ‘Mag Muireisce’, féach:

[rosmairn] ós áth cach enaig (Met Dind iii 428.43)

a thaispeánann gur minic a bhíonn *áth* agus *eanach* le chéile sa timpeallacht. Ar ndóigh, bíonn ar thaighdeoirí dul i ngleic leis an gcruacheist go minic maidir le cé acu EANACH nó ÁTH a bhíonn mar bhunús le *Anna* i logainmneacha éagsúla,¹⁵⁸ agus tá an cheist sin le réiteach i gcás *Annagor* freisin. Ghlac Ó Donnabháin leis gur logainm de bhunús na Gaeilge a bhí in *Annagor* agus go raibh an t-alt idir an phríomheilimint agus an cáilitheoir. Déanfar athbhreithniú ar an réiteach sin thíos.

Focal neodrach a bhí in *eanach* ar dtús agus feictear urú de bharr na hinscne neodraigh sin sa logainm *Eanach nDuban* (DIL:124).¹⁵⁹ Is focal firinsneach é *áth* (DIL 445-6). Deir Ó Riain *et al*, go bhfuil an chosúlacht ar *áth* go n-infilltear é ar nós focail neodraigh i logainmneacha scaití, ach má leanann urú é, go mb’fhéidir gur luathfhoirm reoite an tuisil chuspóirigh is cúis leis an urú sin (FSÁG i:108).

Tá cuid mhór den bhaile fearainn *Annagor* suite ó thuaidh den Ainí/ *Nanny Water*, agus sníonn fo-abhainn de chuid na hAiní tríd. Mar sin, is cosúil go bhfeilfeadh ÁTH nó

¹⁵⁶ Is cosúil go bhfuil an eilimint EANACH le fáil in 600 logainm in Éirinn (O’Connor 2001:76-77).

¹⁵⁷ Féach na samplaí a leanas de *Anna-*/ *Áth* na (iolra nó uatha) + cáilitheoirí éagsúla: *Annaglog*/ *Áth* na gClog, *Anaverna*/ *Áth* na bhFearná, *Annaveagh*/ *Áth* na bhFiach, *Annacarty*/ *Áth* na Cairte, *Annacarriga*/ *Áth* na Carraige (*logainm.ie*).

¹⁵⁸ Féach, mar shampla, *Annacarney* [CM] ina bhfuil fianaise ar thuairimí an dá léirmhíneithe: ‘*eanach* *Cearnaigh* cearnach’s bog, is perhaps more probable than the form *áth na ccearnach* ... which is given in the Name Book. Most of the townland is boggy ground’ (Price:1953 IV:232).

¹⁵⁹ D’athraigh an inscne ón inscne neodrach go firinsneach, féach DIL. Cuirtear na gluaiseanna *moor*, *swamp*, *bog*, *fen* le **enach** (*ibid*).

EANACH do chéad mhír *Annagor*. Cé gur foirm eisceachtúil í *Annagh* (4) AD 1637,¹⁶⁰ nach dtagann leis an bhfianaise eile a bailíodh, mheasfaí go mb'fhéidir go dtacaíonn sí leis an tuairim gurb é EANACH seachas ÁTH atá sa chéad eilimint, mar go léiríonn –*gh#* ag deireadh *Annagh* an consan coguasach cuimilteach /x/, a bhíonn ag deireadh EANACH. Chomh maith leis sin is foinse iontaofa í *Inq Lag* 1826 (a chuir James Hardiman in eagar), an fhoinsé as a mbailíodh *Annagh*.

Maidir le struchtúr *Annagor*,¹⁶¹ d'fhéadfadh sé go bhfeilfeadh

(i) ÁTH + ALT (gin iolra nó gin uatha bain)¹⁶² + AINMFHOCAL, nó

(ii) EANACH + urú + AINMFHOCAL don logainm.

Maidir leis an struchtúr (i) ÁTH + ALT (iolra) + AINMFHOCAL (gin iolra), chinn Ó Donnabháin ar *Áth na gCorr* 'ford of the cranes'¹⁶³ mar athchruthú Gaeilge ar *Annagor* in 1836 (b'fhéidir gur síleadh gur sheas - *Cana'g-cor* (16) do - 'ag Áth na gCorr'). Bhí Joyce ar aon intinn le Ó Donnabháin maidir le léirmhíniú ar an logainm *Annagor* (Joyce 1869:487). Tairgfear léirmhíniú eile thíos, ámh.

Tá réamhshampla luath den logainm *Áth na Cuirre* 'The Heron's Ford'¹⁶⁴ i mBréifne a scríobhadh sa 13ú haois a bhfuil an struchtúr ÁTH + ALT (bain uatha) + AINMFHOCAL (bain gin uatha) air, féach:

1244 Ath na Cuire arin Gerirgthigh a Loch Finnmuighi
(1244 Misc Ir Ann:122 §2)¹⁶⁵

agus

¹⁶⁰ Is cinnte gurb é an *Annagor* atá faoi thrácht anseo an ceann atá luaite i gcáipéis (4) thuas, mar luaitear *Walter Nugent* agus a mhac *Jac* inti agus bhí an sloinne sin coitianta i *Kilsharvan*. Luadh *Ralph de Nugent* agus a mhac *Ricardo* le *Kilcaruan* (*Kilsharvan*) i roinnt mhaith cáipéisí de chuid *Llanthony Prima*, mar shampla, arbh í an cháipéis LXXXIX (AD 1192 - AD 1202) an ceann is luaithe díobh (ICL:95). Mar sin, is féidir dul sa muinín gur mar a chéile *Annagh* (4) agus *An(n)agor*, cé nach ann don dara heilimint i sampla (4) thuas.

¹⁶¹ Taispeánann Ó Máille go bhfuil an iarmhír –*ar*, bisiúil i gcumadh logainmneacha freisin, agus tugann sé na samplaí *Enagher* (Luim), *Annagher* (TE) (> EANACH + -AR) agus *Killanagher* (MEo) (1987:31). De réir an Mháilligh, ceapadh gur chomharthaigh –*ar#* cnuasfhocail sa tSean-Ghaeilge a chríochnaigh i gconsain choguasacha, ach deir sé cibé ar bith d'fheidhm na cnuasachta a bhíodh sa tSean-Ghaeilge, gur cailleadh luath go maith í, agus: 'Subsequently –*ar* became a meaningless noun ending, especially in toponomy, merely adding point to the meaning already conveyed in the root word. ... *dún...* + *ar* ..=. 'a fort thing, a hill thing', *gort...* + *ar* = 'a field thing', *taobh...* + *ar* = 'a side thing'....(1987:35).

Ní fhéadfaí **Eanachar* a athchruthú mar leagan Gaeilge do *Annagor* ar dhá chúis. Is iad sin nach dtaispeántar an fhóinim /x/, (litríthe –*gh* sna foirmeacha Gallda) in aon cheann de na samplaí *d'Annagor* a chríochnaíonn in –*or#*, féach (1), (5), (6), (8), (10)- (13), (16), (18), ná sa sampla *Annager* (15), a chríochnaíonn in –*er*. Chomh maith leis sin, cuirtear an bhéim ar shiolla deireanach *Annagor* i gcaint na ndaoine sa tríú mílaois, féach (19) sa Tábla thuas – bheadh an bhéim ar chéad shiolla d' *Eanachar*. Mar sin ní hé **Eanachar* bunús *Annagor*.

¹⁶² Féach samplaí den alt uatha bain agus den alt iolra i bhfonóta 672 thuas.

¹⁶³ crane = heron, Corr réisc, *Ardea cinera*.

¹⁶⁴ ginideach uatha: **coirre**, go comhaimseartha, féach **Corr** [bain] 'a heron' FGB.

¹⁶⁵ Ba i mBréifne a bhí an abhainn agus an loch seo (Onom Goed:437).

1244 co hath na cuirre forsín ngeircthigh (1244 ARÉ iii:310),
agus
co hAth na Cuirri forsín Gerctig [1244 AD] (Ann Conn:80, §5).

Is é *Áth na Cuir[r]e* in TÁ ‘The Heron’s Ford’ atá ag Ó Riain *et al* (FSÁG i:147). Taispeánann na réamhshamplaí seo, as annála eagsúla, gur san uimhir uatha a ceapadh cáilitheoir an logainm leis an bpríomheilimint ÁTH, ní a d’fheilfeadh dá leithéid de logainm, mar is léi féin a bhíonn an chorr réisc le feiceáil ag daoine go hiondúil,¹⁶⁶ agus í ina seasamh in uisce tanaí átha nó i sruthán, ag faire ar bhéile iasc, loscann nó feithidí. Dá bhfeilfeadh **Áth na gCorr* d’fhoghraíocht *Annagor*, ní cur síos iontaofa ar nósanna na coirre réisc a léireodh sé, ná ní thiocfadh sé le réamhshampla an logainm *Ath na cuirre*. Mar sin ní dócha gur CORR (+ gin iolra) atá mar cháilitheoir na heiliminte ÁTH sa logainm *Annagor*; ní hé *Áth na gCorr* ‘ford of the cranes’ (14) bunús Gaeilge an logainm.

Díreofar ar an struchtúr (ii) EANACH + urú + AINMFHOCAL anois, ar mhaithe le cáilitheoir cuí a aimsiú. Is fiú cuimhneamh, go n-oireann gnáthóga fliucha ar nós eanach, riasc, nó portach don chorr réisc. Cé gur éan cuideáin í an chorr réisc, agus í ag fiach iasc srl go haonarach in áiteanna tanaí (ar nós áthanna), is cosúil go dtagann ealta de chorra réisc le chéile ag am póraithe, am a théann an ealta ar gor i gcrainn arda.¹⁶⁷ Mar sin d’fheilfeadh an focal *corra* ‘herons’ (iolra) mar cháilitheoir *eanach* (ach é a bheith sa ghinideach iolra i ndiaidh *eanach*) don logainm *Annagor*. Agus tá an sampla *Easca na gCorr* ‘the marsh of the Herons’ le fáil ar Reachlainn/ *Rathlin Island* (Mac Giolla Easpaig 1989-90:41, 21).

Mar sin, nuair a thógtar nósanna na coirre réisc, nó na gcorr réisc san áireamh, agus infhilleadh an fhocail *corr*, feictear go n-oireann an eilimint CORR ‘heron’ san uimhir uatha mar cháilitheoir ar an eilimint ÁTH i logainmneacha .i. **Áth na Coirre*, agus go n-oireann sí san uimhir iolra mar cháilitheoir ar an eilimint EANACH .i. **Eanach gCorr*.

Sílim gurb é **Eanach gCorr* bunús an logainm *Annagor*.

¹⁶⁶ ‘They are usually encountered as solitary birds and sometimes as a pair ...’
www.birdwatcher.ie/IrelandsBirds/GreyHeron/tabid/148/Default.aspx

¹⁶⁷ Is cosúil go bhféadfadh suas le 50 acu a bheith le chéile i ngarrán corr [*heronry*], féach an suíomh idirlín thuasluaite.

Barúntacht: Damh Liag Íochtarach

Paróiste: *Cill Chearbain/ Kilsharvan

[74] CALLIAGHSTOWN (ainm Gaeilge le deimhniú *logainm.ie*)

Logainm le heilimint Ghaeilge + s + TOWN faoi struchtúr an Bhéarla atá anseo.

***Baile na gCailleach** (moladh an taighdeora 2014)

- | | | | |
|-----|--------------------------------|---|---|
| 1) | [idir 1509 & 1547] | Calliaghton
Callaghton | Hen VIII (Brodigan),
TT <i>logainm.ie</i> |
| 2) | 1540 | Kallaughton | possession of Odder IMP:261 |
| 3) | 1559 | Callaghton <i>alias</i> Callyaghton | IFTS ii (Eliz):17 F163 |
| 4) | 1560-1 | Calliaghton near Shallon | <i>ibid</i> :34 F 307 |
| 5) | 1573 | Calliaghton near Shallon | <i>ibid</i> :287 F 2236 |
| 6) | 1574 | Callaghton <i>alias</i> Callyaghton
Calliaghton x 2 | Eliz 67/47, CI 1991:212
<i>ibid</i> :213 |
| 7) | 1587 | Calliaghton x 2 | Eliz173/111, <i>ibid</i> :265 |
| 8) | 1588-89 | Calliaughton near Shallon
<i>alias</i> Shalton | IFTS iii:78 F5311 |
| 9) | 1598 | Callaghton | Eliz:4, Inq Lag |
| 10) | [idir 1603 & 1625] | Calliaghtowne | Inq J I:AL, TT <i>logainm.ie</i> |
| 11) | 1629 | Calliaghton | A 42, CI 1991:455 |
| 12) | 1633 | Calliaghton | Car I 83 Inq Lag |
| 13) | [1640] | Calliaghtowne | Car I Jun' an 15:147 <i>ibid</i> 5 |
| 14) | Gan dáta
[idir 1625 & 1649] | Callaghton
Calliaghton | Car I 157 <i>ibid</i> [idir 1625 agus 1649]
Inq C I:AL TT <i>logainm.ie</i> |
| 15) | Gan dáta
[idir 1625 & 1649] | Callaghton
Calliaghton X 3 | Car I 160, <i>Sinistra</i> B líne 4
<i>ibid</i> líne 34, <i>Dextra</i> B:líne 15, agus
9 líne ó bhun na cáipéise. |
| 16) | 1654-56 | Calliaghtowne | CS 35,48 |
| 17) | 1657 | Callaghstown
Callaghtowne
Callyaghstown
Calliaghtowne 4

Calliaghtowne | DS 1:6 Innéacs - [ar liosta bhailte
fearainn <i>Killcarvan</i>]
DS:Ref:AL TT <i>logainm.ie</i>
DS Is Duleeke & Abby Parrishes
T Clarke. Cóip le Dan ¹ O'Brien
(TT <i>logainm.ie</i>)
DS Is W ^m Farrand, cóip le
Dan ¹ O'Brien Surv ^r |

18)	c1668	Calliaghtowne 16 [Kilcarvan Parish]	BSD Index ¹⁶⁸ <i>ibid</i> 16, 1663 sa téacs
19)	1685	Calliagh [Kilcarvan]	HD <i>The County of East=Meath</i> Frank Graham (facsimile) 1968:7
20)	1737	[Lands of] Calliaghtown	RDAW i: 238, 553S
21)	1786	Calliaghtown/ Callaghston <i>alias</i> Calliaghtown	Archdall Mon Hib (White):519, 537 ¹⁶⁹
22)	[c 1838]	Calliaghstown 'town of the nuns'	JOD:AL, TT <i>logainm.ie</i>
23)	1830-40	Baile na g-cailleach	peannluaidhe AL, TT <i>logainm.ie</i>
24)	1838	Baile na g-cailleach	OC:AL, TT <i>logainm.ie</i>
25)	1910	[baile na g-cailleach]	Onom Goed:85 ¹⁷⁰
26)	2009	'kaliks,təun	fogharscríobh, Paddy Lenihan †2013
	2014	'kaligs,təun	Kit Casey [92 bliain d'aois].

Is i bparóiste *Chill Chearbain/ *Kilsharvan*, barúntacht Dhamh Liag Íochtarach, Contae na Mí atá an baile fearainn *Calliaghstown*. Is é an struchtúr atá ar an logainm, ná CÁILITHEOIR + TON/ TOWN[E], féach (1) - (18), (20), (21), cé go léirítear *s* sealbhach an Bhéarla idir an dá eilimint mar mhalairt leaganacha freisin i samplaí (16) agus (21). Cláraíodh *Calliagh* (19), leagan aoneiliminte an logainm ar léarscáil *Hiberniae Delinatio*, gan TOWN – ceal spáis, ní foláir.

Caomhnaíonn na foirmeacha Béarla stairiúla ar fad *Calliagh-/ Callagh-/ Kallaugh/ Callyagh-/ Calliaugh-* an consan coguasach cuimilteach ag deireadh na heiliminte CAILLEACH, ní a léirítear le *-gh-* i litriú an Bhéarla. Cé go seasann an *-gh-* do [x] in urlabhraíocht na ndaoine anois, thaifead Gwynn, Hadcock (1970) *Callystown* [Lú] (419) a léiríonn go raibh an consan coguasach ar iarraidh ar fad san áit sin,¹⁷¹ tuairim is 35 bliain ó shin, cé go bhfuil sé fós le cloisteáil in *Calliaghtown*, paróiste *Chill Chearbain/ *Kilsharvan* inniu, féach /'kaliks,təun/ agus / 'kaligs,təun/ (26). Is sa DS a fhaightear *s* sealbhach sa logainm den chéad uair. Is suimiúil go bhfuil *s* sealbhach an Bhéarla in úsáid go háitiúil i gcónaí (26), mar a bhí san 18ú haois, féach *Callaghston alias Calliaghtown* (21).

¹⁶⁸ Tá 'Calliaghstowne 4:5, p^{te} of Calliaghstowne 4, Calliaghstowne 5' le fáil in innéacs BSD chomh maith. Baineann siadsan le 'Duleek & Abbey Parishes' (BSD 4, 5).

¹⁶⁹ 'Archdall Mon Hib (King) AL:34, OS/88/20' atá san AL.

¹⁷⁰ Níl aon tagairt stairiúil do *Calliaghtown, Kilsharvan* le fáil san fhoinsé seo.

¹⁷¹ Féach *Callystown/ Baile na gCailleach*, paróiste Chlochair/ *Clougher*, barúntacht Fhir Arda/ *Ferrard* (*logainm.ie* 2010).

Is tras-scríobh ar an bhfocal Gaeilge *cailleach* atá i bhfoirmeacha na chéad eiliminte, agus is cosúil gur thug cuid de na scríobhaithe an /L'/ leo sna samplaí a bailíodh ina mbíonn *-i-* nó *-y-* i ndiaidh *-ll-* féach *Calliagh* (1), (4), (5) - (7), (10) - (21), agus *Callyagh* (6), (16), *Calliaugh* (8), cé go mbíonn *Callagh-* le fáil gan *-i-* nó *-y-* ann in amanna freisin, féach (9), (14), (15), (16).

Is ón Laidin *pallium* a thagann an focal *caille*, óna ndíorthaítear *caillech* > *caille* + *-(e)ach#* (iarmhír), a chiallaíonn ‘duine a chaitheann caille’ agus míníonn Ní Dhonnchadha forbairt shéamantach an fhocail. Deir sí:

All lines of semantic development outlined here for *cailleach* are presumed to proceed from the primary meaning of ‘veiled (that is married secular-) woman (1994-95:96).¹⁷²

Deir Archdall:

CALLIAGHTOWN is situated east of the parish of Kilsharvan, in the barony of Duleek. Here was a cell which was a dependant on the nunnery of St Brigid of Odder; of this cell there are now no remains; it was supposed to stand near the well of Shallon, dedicated to St. Columb, and the resort of great numbers on the festival of that Saint (1786:519).¹⁷³

Is féidir stair na gcailleach in Éirinn nó na ‘mná rialta’¹⁷⁴ (mar a thugtar orthu i gcleachtas na teanga comhaimseartha) a rianadh ón luathchríostaíocht sa 5ú haois go dtí

¹⁷² Tá ocht gcinn de na téarmaí díorthaithe pléite ag Ní Dhonnchadha. Léiríonn sí na ceithre chiall atá leis an bhfocal *cailleach* de réir chomhthéacs a luaite, chomh maith leis na téarmaí *cailleach aithrige*, *clientella*, *ailither*, *uidua*, *fedb aithrige* agus *fedb iresach*. (op cit).

¹⁷³ Tharlódh go raibh eaglais *St Mary's* i nDámh Liag i bpáirt ag manaigh agus ag cailleacha araon (Gwynn, Hadcock:314). Lean na cailleacha riail *Arrouaise* (*ibid*:310).

¹⁷⁴ Baineann Céitinn leas as an dá théarma, féach: ‘[ag] mnaoi riaghalta agus [trí shárughadh] chaillighe Chille Ealchruidhe’ (FFÉ iii:68). Féach freisin: ‘Cailleach Dhé inghean Uí Éidhne máthair Mhuircheartaigh Uí Bhriain agus máthair Ruaidhrí Uí Chonchubhair’ [?1106] (FFÉ iii:296).

Is cosúil go bhfuil *Caille* sa chiall *monastery* mar chéad-eilimint ar *Caille aibhinne* a bhunaigh Naomh Fintán *dicitur Kailli abinde* (Colgan 1647:357).

Ar ndóigh, bíonn an chiall *coill* ar an bhfoirm *caille* in amanna freisin (FSÁG 3,2008:5). Féach freisin go luann Mac Cana *Caille Con Ruí*, *C. Nat Fraích* agus *C. Lugdach* mar fhianaise go raibh an chiall ‘territory’, ‘land’ ag *Caille* freisin, agus go raibh sé cáilithe le hainm duine nó le hainm chine. Mhínigh sé *Caille* mar *cauille*, ‘narrow strip/ share of land’ i gcás *Críhad an Chaoilli* > *caille* i gCúige Mumhan agus scríobh sé gur meascadh *caill* ‘wood’ agus *caille* i scríbhneoireacht na Gaeilge (MacCana 1953:160). Féach freisin ‘*Caillefochlada* ; A religious house in the ancient territory of Meath, long since buried in oblivion. Curoius, an abbot of it, died AD 869.’ (Archdall:518). Féach freisin *Caille* ‘... [We] are told that St Muadnata, the daughter of Nadfraich, and sister to St Molaise of Daminis was honoured at *Caille*, in North-Connaught, in the barony of Carbury’ (*ibid*:628-29), agus *Cailleavinde* ‘... monastery ... founded by St Fintan, a disciple of St Columb’s’ (*ibid*:629).

coigistiú na mainistreacha sa 16ú haois.¹⁷⁵ Is do *na teora cailleaca Droma da Dart*, na naoimh *Mo Búi, caillech, Domhnigh Broc* agus *Brigit* [a rugadh *circa* 483 agus a d'éag *circa* 523] a fhaightear na chéad tagairtí do *cailleach/ cailleacha* sa litríocht (AU i:14, 40).¹⁷⁶ Bhronn Pádraig, nó duine dá dheisceabail an chaille ar Bhrighid agus í in aois a 14 bhliain agus bhunaigh sí mainistir i gCill Dara, áit a mbíodh manaigh agus cailleacha ag maireachtáil faoina stiúir agus í ina ban-ab orthu (Archdall 1786:323).¹⁷⁷ Leath tionchar Bhrighide go Contae na Mí, áit a raibh roinnt mainistreacha ag na cailleacha, agus tá cuimhne a mainistreacha caomhnaithe i logainmeacha stairiúla, a bhfuil an eilimint CAILLEACH iontu. Ina measc siúd, áirítear *Callaghton* [Damh Liag Uachtarach] AD 1553 (IFTS i (P & M):296 F20),¹⁷⁸ *Calliaghton near Shallon, the lands of Calliaghtowne ... Callaghtowne by Kenles*, agus *Callaghtowne by Fowere* [IM anois] uile ón mbliain 1560-61 (IFTS ii (Eliz):34 F306), *Calliaghtowne iuxta Clonard* AD 1623 (Jac I:59, Inq Lag),¹⁷⁹ [*Odder &*] *Calliaghton/ Colliaghton Skryne* AD 1624 (Jac I:59 Inq Lag), *Calliaghton juxta Kells*, [gan dáta] (Jac I: 69 *ibid*), *Calliaghton/ Callyaghton* AD 1636 agus AD 1637 (Car I 125, Car I 135, Car I 137 *ibid*)

Tá na háiteanna *Caille-Taidhbig* [Lú] agus *Caille Follamhain* luaite in innéacs ARÉ (vii:17) freisin, cé go mbaineann Ó Donnabháin an chiall *coill* as chéad eilimint *Caille Follamhain* (ARÉ i:532 fonóta x).

¹⁷⁵ Féach *Mon Hib* le haghaidh eolas a fháil ar mhainistreacha cailleach i gCill Dara (Archdall 1786:315-17, 322-330, 343). Luann Archdall tithe na gcailleach Chontae na Mí chomh maith, féach *Kenard* (*op cit*:419), *Killeen* (*op cit*:551), *Lismullen* (bunaithe AD 1240), (*op cit*:555-56) agus *Trim* (*op cit*:581). Tagraíonn Archdall do thithe na gcailleach sna contaethe teorantacha freisin – Co Lú: (*Terfeckan* [= Tearmann Fheichín] (*op cit*:419), *Faughar/ Fochart Brighde* (*op cit*:464). Co. Chill Dara: *Grany* (*op cit*:315-17), *Kildare* (*op cit*:322), *Knocknacrioth* (*op cit*:332), *Timolin* (*op cit*:343) agus *King's County: Killeigh* (*op cit*:400), mar shampla.

¹⁷⁶ Féach freisin Mart Tall:45 May 22, Mart Gor:186 September 30, *ibid*:186 September 30, fonóta 4. Féach freisin, mar shampla, FO:58 Mí Febrú 1, *ibid* 66, Mart D:110, Septimo [25] cal. Maii. Féach Ó Riain a chuireann dáta cumtha Mart Gor agus Mart Tall idir AD 828 agus AD 833 (1990:21-38). Athbhreithníonn Dumville modheolaíocht dátaithe FO agus Mart Tall agus molann sé *terminus ante quem non de 797* le haghaidh FO (2002: 19-48).

¹⁷⁷ Ach ba é *Mac Caille*, mac *Darerca* a bhronn an chaille uirthi agus rinne *Mel* easpag di de réir FO (66). Tá liosta de 23 ban-abb le háireamh de chomharbaithe Bhrighide idir an 6ú haois agus an 12ú haois, ag tosú le *St Derlugdacha* †524 AD ‘a nun of St Brigid and immediate successor to that saint’ agus ag críochnú sa bhliain 1171 le ‘Sadhbh, ingen Gluiniairn (sic) Mic Murchadha, comarba Brighte, do ec i n-aithrige’ (1171 AU ii:168). Féach freisin innéacs AU (iv:54) faoi *Cell Dara*, le haghaidh liosta ainmneacha na mban-abai. Féach freisin Archdall (1786:324).

¹⁷⁸ cf. ‘... lands of Corbally, Callaghton, Dedman-dytche and other lands in Rydder ... tithes of Grange, Corbally, Rydder, Loagher, Fowlerstown, Mylton and *Callaghton*, Balmaugnaber ...’ (*op cit*).

¹⁷⁹ Féach go raibh na cailleacha an-láidir idir AD 1195 agus AD 1282 i gCluain Ioraird/ *Clonard*, (Maigh Fionnráithe/ *Moyfenrath*) faoin mBan-Ab chumhachtach *Agnes* de réir Archdall adeir ‘Pope Celestine III confirmed all her possessions ... [and] declared them to be exempt from all ecclesiastical jurisdiction’ (1786:566). Maidir le mainistir na gcailleach i gCluain Ioraird deir sé: 1288 ... This nunnery was ... reduced to so great pennury, that it became a cell to the nunnery of St Brigid of Odra, commonly called *Odder*’ (526-27) agus maidir le h*Odder* deir sé: ‘Several cells of nuns in Meath were annexed to this house’ Luann Archdall *Calliaghton near Skryne/ Calliaghtone near Skrine, Calliaghton near Clonard, Calligton near Fore, Calliaghton near Kenlis* mar chuid de mhaoin *Odder* ag am choigistiú na mainistreacha (*ibid*:566-67). Má bhí baint ag na mná rialta le h*Odder* d’fhéadfadh sé go raibh baint acu le hospidéal *Maria Magdalene* freisin a bhí lonnaithe san áit ar a dtugtar *Prioryland* anois. Féach freisin (Brady 1960:7).

Calliaghtowne & Ridder [Damh Liag Uachtarach] AD 1640 (Car I 151 *ibid*), *Calloghtowne, Abby Parrish* AD 1659 (Census:480), agus *Calliahtowne ... w[i]th in 2 miles of Kells* AD 1700 (Forfeited Estates 1700:119). Faoi AD 1685 bhí *Calliagh* (16), *Calliastown* [Abbey], *Caliaghstown* [Kells] agus *Culliagstowne* [Skreene] marcáilte ar léarscáil *Hiberniae Delinatio*.¹⁸⁰

Maidir leis na contaetha eile, luadh *Calloughton ... parcel of the possessions of the nunnery of Kildare* sa 16ú haois (IFTS i (Hen VIII):58 F519), *Callaghton Wexford* sa bhliain 1540-41 (Chart. St Mary's Abbey Dublin ii:315), *the church and town of Cayllaghton ...* AD 1551 i mBaile Átha Cliath (IFTS i (Ed VI):178) F859,¹⁸¹ agus lonnaigh cailleacha Thearmainn Feichín in *Kaylaghton*, i gContae Lú i ndiaidh AD 1507; claochlaíodh foirm an logainm sin as a riocht, sa chaoi is go bhfuil *Kellystown* mar logainm air go comhaimseartha (Gwynn, Hadcock 1970:311, 318).¹⁸² Is cosúil gur foirm chlaochlaithe den logainm atá in *Collinstown* gar do Fobhar/ *Fore* i gContae na hIarmhí freisin (Gwynn, Hadcock 1970:310, 315., Brady 1960:4-7).

Faightear roinnt logainmneacha eile, a mbíonn an eilimint CAILLEACH iontu nasctha le heilimintí éagsúla idir fhoirmeacha stairiúla (*Doire na gCailleach* AD 1394 (Ó Murchadha 1989-90:186), *Kilnegalliah*, *Moorenegalliah* agus *Aghnegalliah* AD 1654-56, *Clonard/ Chluana Ioraird* (CS:187-188) agus chomhaimseartha (?*Carricknagalliagh* (Mac Aodha 1998-2000:99)).¹⁸³

Bhí dhá mhainistir cailleach i gContae Luimnigh agus i gContae Shligigh, a bhfuil comhréir na Gaeilge caomhnaithe in ord eilimintí na logainmneacha, BAILE + alt (ginideach) + urú + CAILLECH, féach *Ballynagallagh* (*Monasternagalliaghduff*; *Monasternecallowduffe*; *Monasternicalliagh*) [Luim] a bunaíodh sa bhliain 1283; agus a scoradh sa bhliain 1548 (Gwynn, Hadcock:1970: 310, 313), agus *Ballynagalliagh* [S],

¹⁸⁰ Féach freisin *Callarton* [BÁC], [*Cromwelston near*] *Calaghton* [CD], *Callaghton* [CD], agus *Kaylaghton* [Lú] (IMP 1540 -1:70, 91, 164, 234).

¹⁸¹ ‘... with all the tithes and other appurtenances, parcels of the possessions of the late priory of the Hoggis by Dublin ... providing a priest or priests to minister in the churches of Cayllaghton and Churchton’ (Ed VI 859, IFTS i:178). Féach freisin IMP 1540 - 41:70. Féach freisin [*Cromwelston near*] *Calaghton* [CD], *Callaghton* [CD], agus *Kaylaghton* [Lú], (*ibid*: 91, 164, 234).

¹⁸² Ba as Tearmainn Feichín a tháinig na cailleacha go *Kayloghtown* (*Kellystown*) – bhí talamh acu ann - ach níor chaith siad ach thart ar 10 mbliana ann, agus d’fhill siad ar Thearmainn Feichín *circa* AD 1517. Bhunaigh *Feichín* as *Fobhar* mainistir ansin sa 7ú haois, agus deir Gwynn, Hadcock go mba dócha gur ‘double monastery for monks and nuns’ a bhí ann faoi 1195 (45, 324).

¹⁸³ *Carricknagalliagh*: Meaning obscure. Possibly *Carraig na gCailleach*... but the OSN postulates *Carraig na Coille* from an English version reading *Carricknakelly*. The first version is more likely to be correct since *Calliagh Berras* (*sic*) *Lough* is located only 1.5 miles distant, near *Slieve Gullion*'s summit (Mac Aodha 1998-2000:99).

a bunaíodh thart ar +1223. Scoradh an mhainistir i gContae Shligigh thart ar 1562 (*ibid*:1970:417).¹⁸⁴

Maidir leis an *Calliaghtown*, paróiste *Chill Chearbain/ *Kilsharvan* atá faoi thrácht anseo, deir Brady:

The nuns residence at Duleek was presumably beside St Mary's church till after 1195, and afterwards at Calliaghstown, to the East of Duleek (1960:6)

agus insíonn Archdall gur fheidhmigh mainistir *Bhrighid Odhra* (i mbarúntacht Scrín) mar mháthairtheach do na cailleacha a d'aistrigh go *Calliaghstown*, paróiste *Chill Chearbain/ *Kilsharvan* (1786:519).¹⁸⁵

Tá an logainm *Baile na gCailleach*, le fáil sa litríocht dhúchasach mar a leanas:

[AD 1394] Creach le Cormac h. Mael Seachlainn dar airg Cluain Cuilean 7 Baili na Cailleach .i. air Cathul mac Tomais h. Fearghail (1394 Misc Ir Ann:151 §10).¹⁸⁶

agus

ocus Mullach na Sgreige do ghabhail go díreach go huisge *Bhaile na gCailleach* (Onom. Goed:xi, 22)¹⁸⁷

agus tá dhá áit a bhfuil *Baile na gCailleach* orthu ag Ó Riain *et al.* Is i bparóiste

Ballymore, bar Rathconrath [IM] (FSÁG 2:42).

atá ceann díobh, agus tá an ceann eile gar do

Clonnee Upr., i bpar Kilcomb [LG] (*ibid*).

Tá 3 cinn de *Baile na Caillighe* luaite in FSÁG freisin, a bhfuil péire díobh le fáil i gContae Luimnigh, agus an tríú ceann le fáil i gContae an Chláir (*op cit*). Is í an fhoirm tras-scríofa *Bali Inacalligi* a fhaightear i gcáipéis a scríobhadh sa bhliain 1200 (CDI

¹⁸⁴ Tá *Ballynagallagh* [SI] agus *Ballynagalogh* [King's Co] luaite sa Census 1659:597, 436. Sheas *Ballynagalliagh* mar logainm i gCo. Shligigh. Tá foirmeacha stairiúla de ar TC de chuid na *SO logainm.ie*

¹⁸⁵ 'Calliaghtown; Is situated east of the parish of Kilsharvan, in the barony of Duleek. Here was a cell which was a dependant on the nunnery of St Brigid of Odder; ... it was supposed to stand near the well of Shallon, dedicated to St. Columb, and the resort of great numbers on the festival of that Saint.' (Archdall 1786:519).

¹⁸⁶ Tá Contae an Longfoirt luaite le leagan eile den eachtra seo: '...do loisc Cormac Ua Maollsheachlionn *Baile na gCailleach* ar Cathol mac Tomais Ui Fhearghoil (Onom Goed:85).

¹⁸⁷ 'on the boundary of Cloch Naighe, in co Long' (*op cit*:xi, 22).

1171-1252:21, 136, líne 20).¹⁸⁸ Caomhnaíonn an fhoirm sin *Bali Inacalligi* struchtúr agus foclóir na Gaeilge.

Caithfidh sé go raibh réamhshamplaí Gaeilge ar intinn ag O’Conor agus ag Ó Donnabháin nuair a bhreacadar *Baile na g-cailleach* (23), (24) san AL sa 19ú haois, Cóiríonn an leagan sin na heilimintí séimeantacha faoi struchtúr na Gaeilge. Is *baile na g-cailleach* (25) atá san Onom Goed. Scríobh Ó Donnabháin:


the most ridiculous transpositions have been made to Anglicise [place names]; *town* has been *stuck* as a tail to the greater part of them ... Calliaghstown for Ballynagalliagh (OSL:7).

Tá an chuma ar *Calliaghstown* gur leagan leath-aistrithe de *Baile na gCailleach é. Baineann sé le tacar logainmneacha a tháinig chun cinn sa 15ú haois, agus sa 16ú haois (i ndiaidh dhíscáileadh na mainistreacha) a bhfuil eilimint Ghaeilge agus eilimint Bhéarla iontu agus iad faoi struchtúr an Bhéarla (féach Caibidil 4. III (i), agus Caibidil 3, 7.4 agus 7.5).

Léiríonn an fhianaise a bailíodh go mbíodh cailleacha lonnaithe i gcúig cinn de mhainistreacha cailleach i gContae na Mí i bparóistí *Rudder* (Damh Liag Uachtarach), *Cill Chearbain/ *Kilsharvan*, (Damh Liag Íochtarach), *Abby Parrish* (Damh Liag Íochtarach), *Ceanannas/ Kells* agus *An Scrín/ Skryne*. Ní hamháin go raibh mainistreacha cailleach fairsing i gContae na Mí, ach bhíodar le fáil i roinnt contaetha eile freisin, tráth den saol, agus is cosúil gur tugadh *Calliaghstown* ar na háiteanna sin dá bharr. Maireann dhá bhaile fearainn a bhfuil *Calliaghstown* orthu i gContae na Mí – is i bparóiste Cheanannais/ *Kells* i mbarúntacht Cheanannais Uachtaraigh/ *Kells Upper* atá ceann acu, agus is i bparóiste *Kilsharvan* atá an *Calliaghstown* eile (a bhfuil fianaise air cruinnithe sa Tábla thuas). Sheas roinnt logainmneacha eile a raibh an fhoirm *Calliaghstown* orthu freisin, sna paróistí Baile an Bhaspailigh/ *Westpalstown* i mbarúntacht Bhaile an Ridire Thiar/ *Balrothery West* i mBaile Átha Cliath, *Ballymore* i mbarúntacht Rátha Conarta/ *Rathconrath*, agus *Kilmacnevan* i mbarúntacht Uí Mhac gCuais/ *Moygoish* i gContae na hIarmhí.

Tá *Ballynagalliagh* le fáil mar logainm ar bhailte fearainn in Ard Mhacha, i gCill Dara, i nDoire (tá giorrúchán an noid don cheann i nDoire míchruinn in Onom Goed) agus i Sligeach (*logainm.ie*).

¹⁸⁸ i gContae Luimnigh?



Terry, Junr

Croft Hill

Barúntacht: Damh Liag Íochtarach

Paróiste: *Cill Chearbáin/ Kilsharvan

[75] **CRUFTY** (ainm Gaeilge le deimhniú *logainm.ie*)

***Crochtaigh** nó ***Cnoc Crochta** (roghanna an taighdeora **2014**)

- 1) 1419 ?Grysty Rot Pat: 215, 2 (TS *logainm.ie* 2010)
- 2) [?1509 Grufty Inq Hen VIII (Brodigan):AL, TS/TT *logainm.*
-1553]
- 3) 1540 Grusty IMP 1540-41: 315 (TS *logainm.ie*)
- 4) 1540-1 [villata de] Grusce Possessiones ... prioratum de Lanthony ...
pertinentes *Comitatus Midie* CSL 1540-1:34
- 5) 1569 Gruft Fi Eliz 1460, TS *logainm.ie*
- 6) 1605 Gruftie CPR 68a, TS *logainm.ie*
- 7) 1610 Gruffie CPR 230b, TS *logainm.ie*
- 8) 1620 Gruftie CPR 462a, TS *logainm.ie*
- 9) 1624 [vil' & ter' de] Jac I:71 Inq Lag (TS *logainm.ie*)
Grufty in co' Mid'
[vil' de] Grusty
- 10) [idir 1603 Gruftie Grant J.I (Brodigan):AL Ts*logainm.ie*
&1625]
- 11) 1654-56 Grufty CS:35, 36, 48
- 12) 1655-59 Grafty Is HD Goblet:238
- 13) 1657 Grafty 6 DS Innéacs
Grafty ar liosta bhailte *Killcarvan (sic)*
Grafty Is W^m Farrarnd, cóip le Dan^l O'Brien Surv^r
- 14) c 1660 Grafty BSD:50, TS *logainm.ie*
- 15) 1662 Grafty ASE 1662 (Brodigan):AL
- 16) 1666 Grofty or Crufty ASE 81a, TS *logainm.ie*
- 17) c1668 Grafty 16 BSD Index
Grafty *ibid* 16, 1666 sa téacs
- 18) 1685 Grafty Is HD Goblet:238
- 19) 1713 Crufty CGn 9.431.4129 , TS *logainm.ie*
- 20) 1734 Crufty otherwise CGn 77.344.53919
Cruftyey TS *logainm.ie*
- 21) 1736 Crafty CGn 86.221.60090, TS *logainm.ie*
- 22) 1777 Cro [ty Hill T&S 3
corrected
to 1783 [Léigh 'Crofty']

23)	1812	Crusty	Is Larkin (TS <i>logainm.ie</i>)
24)	1812	Crusty	Co Map:AL <i>logainm.ie</i>
25)	1824	Crusty	HCSV:AL TS <i>logainm.ie</i>
26)	[c1830]	Crufty	BS:AL (TS/TT <i>logainm.ie</i>)
27)	1836	Crifty <i>alias</i> Crofty	Quit Rents (Old Copy):AL TS/TT <i>logainm.ie</i>
28)	idir 1803 agus 1836	Crusty	GJ Rates (Old Docket):AL TS/TT <i>logainm.ie</i>
29)	[1838]	Crufty	Common Name:AL, TS/TT <i>logainm.ie</i>
30)	1830-40	Crufty	JOD:AL, TS/TT <i>logainm.ie</i>
31)	1844	Crofty	D'Alton: 455 (TS <i>logainm.ie</i>)
32)	1838	Crochta	OD:AL TS/TT <i>logainm.ie</i> ('croft, a close, a field, a garden ...')
33)	21/02/06	Crofta	Úd.Áit. DGE, PÓC, TS: <i>logainm.ie</i> ¹
34)	2010	'crufti	fogharscríobh, Grace Larkin
	2014	'crufti	Kit Casey [aois 92].

Is i bparóiste *Chill Chearbáin/ *Kilsharvan*, barúntacht Dhamh Liag Íochtarach, Contae na Mí atá an baile fearainn *Crufty*. Bailíodh meascán d'fhoirmeacha stairiúla don logainm seo, idir shamplaí a scríobhadh le túslitir #G- (22 fhoirm) agus cinn eile a scríobhadh le #C- (18 sampla, na cinn Ghaeilge san áireamh). Nuair a smaoinítear gur claontuiseal is minice a úsáidtear i logainmneacha, (.i. cuspóireach nó tabharthach i ndiaidh réamhfhocal) is féidir a bheith nach mór cinnte gur urú ar #C- atá i gceist leis an #G- agus gurb í #C- túslitir cheart an logainm seo.

Is cosúil gur logainm déshiollach é *Crufty*, cé is moite d'fhoirm stairiúil aonsiollach amháin .i. *Gruft* (5). Is léir gur focal amháin nó comhfhocal atá sa logainm mar go bhfuil an bhéim ar an gcéad siolla.

Is le -s- ag deireadh an chéad tsiolla a scríobhadh an sampla is luaithe a frítheadh don staidéar seo, féach *Grysty* (1) AD 1419.² Scríobhadh an logainm arís le -s- i lár na 16ú haoise, féach *Grusty* (3)³ agus *Grusce* (4). Ach faightear meascán foirmeacha, idir -s- agus -f-, ón mbliain 1569 i leith. Cé nach ndeachaigh na leaganacha le -s- (*Grusty/ Crusty srl*) ar gcúl uile,⁴

¹ Nóta go bhfuil 'bileog fianaise' ann, sínithe DGE, PÓC (TS *logainm.ie*).

² Tá na logainmneacha *Termonfeghyn, Fynwy, Louth ... Grysty, Crewod in co' Mid'*... luaite sa cháipéis seo. Tá *Crewod [Creewood]* suite ar an taobh ó thuaidh den Bhóinn.

³ Tá an sampla seo luaite san abairt chéanna le *Newhaggard* atá i bparóiste *Kilsharvan*, Damh Liag Uachtarach anois,

⁴ Bhí *Grusty* le fáil arís sa bhliain 1624 (9), bhí *Crusty* le fáil faoi dhó in AD 1812 (21), (22), chomh maith le *Crusty* sa bhliain (23) agus *circa* 1836 (26).

fuair foirmeacha an leagain *Gruft*[ie]/y⁵ (5), (6), (8), (10), (11), *Gruffie* (7),⁶ *Cruft*[ff][e]y (19), (20), (26), (29) - (31), *Grafty* (12) - (15), (17), (18) srl, tosaíocht ar an leagan luath, agus tá *f* le feiceáil in 28 as 33 de na samplaí a bailíodh don staidéar seo as cáipéisí Laidine nó Béarla. Tá a fhios againn go raibh sé beagnach dodhéanta idirdhealú a dhéanamh idir siombail na litreacha *f* agus *s* le linn aimsir Éadbhard II agus Éadbhard III, mar a deir Maxwell Lyte (CCL R Ed II AD 1307 -1313, 1882:ix agus CPR Ed III 1327-30:x, cf. an Réamhrá freisin). Is fiú a lua go dtagraíonn Tresham don ‘very decayed state of many of these Ancient Rolls’ i Réamhrá na foinshe ábhartha Rot Pat a bhfuil *Grysty* ann (1828: gan lch), cé nach bhfuil aon rud ráite ansin aige faoi na litreacha *-s-* agus *-f-*. Tharlódh gur míléamh *-s-* le haghaidh *-f-* is bunús leis na foirmeacha a bhfuil *s* seachas *f* iontu, má bhaineann siad le *Crufty* an baile fearainn atá á phlé anseo ar chor ar bith, rud nach bhfuil go hiomlán cinnte, mar a phléifear thíos.⁷

Tá fadhb eile ag baint le fianaise stairiúil an logainm *Crufty* chomh maith. Ní hamháin go bhfuil foirmeacha mearbhallacha le feiceáil ó thaobh túslitreach agus méanlitreach de, ach faightear foirmeacha an logainm, a bhfuil athrú thar an gcoitinne ar ghuta na chéad eiliminte iontu freisin, idir *-y-*, *-u-*, *-a-*, *-o-* agus *-i-* faoi seach, nach léir go bhfuil aon phátrún loighciúil iontu, féach *Gry-* (1), *Gru-/ Cru-*, (2) - (11), (16), (19), (20), (23) - (26), (28) - (30), *Gra-*, (12) - (15), (17), (18), *Gro-/ Cro-* (16), (22), (27), (31) agus *Cri-* (27). Cé go bhfuil éagsúlacht ainrialta ag gabháil leo mar fhianaise, d’fhéadfaí a áiteamh gur logainm de bhunús na Gaeilge atá anseo, ceann nár thuig scríobhaithe na gcáipéisí Gallda de bharr líonmhaireacht agus fairsinge malairtí na dtúslitreacha, na gcéad ghutaí, agus na malairtí *f* agus *s* i gconsan deiridh an chéad siolla.

D’fhéadfadh sé gur athraigh brí an logainm as cuimse de bharr an mhearbhaill uile, agus déanfar iarracht thíos an téis sin a chur faoi bhráid, ag tosú le sracfhéachaint a thabhairt, agus plé a dhéanamh, ar a bhfuil scríofa faoin logainm go dtí seo.

Tugadh cúpla buille faoi thuairim maidir le bunús an logainm. Is cosúil gur cuireadh *gruft* ‘a narrow water-worn valley’ san áireamh i gcomhthéacs díorthaithe *Crufty* (Samhain 2012 *logainm.ie*)⁸ ach ní dócha go bhfuil aon bhaint ag *gruft* le *Crufty* ar dhá chúis:

(i) tá sé dóchúil gurb í #C- túslitir an logainm mar a léiríodh thuas, agus

⁵ Maidir le *Grufty* (2), is as cóip de cháipéis (ó aimsir Anraí VIII) a bhí ag Brodigan in 1836 a bailíodh é, agus ní féidir a bheith cinnte cén uair a rinneadh an chóip sin, cf. an Réamhrá.

⁶ Ar cuireadh *-ff-* in áit *-ft-* de bharr tras-scríobh earráideach?

⁷ Níl tada ráite ag Berry (1907) faoi litreacha contráilte ina eagrán de cháipéisí comhaimseartha Anraí V († 1422) .i. *Statutes and Ordinances and Acts of Parliament King John to Henry V* [1204 -1421].

⁸ Tugann suíomh na SO an nóta a leanas ón *English Dialect Dictionary* i gcomhthéacs *Crufty* (liomsa an uimhriú): (i) *Gruft*: A narrow water-worn valley. (ii) *Crust*: The outside plank of a tree ‘for a crust of a plank to a brigge’ (1563 Louth Ch Acc) (iii) *Graft*: trench, ditch (iv) *Grift*: a channel shaped out by water for itself, a runnel (v) *Graft*: a ditch, a moat (*op cit*).

Ní dócha go bhfuil baint ar bith ag *Gruft* nó *Graft* nó *Grift* an Bhéarla leis an logainm seo mar a léireofar thuas – ní dhéanfaidh *Crust* (Béarla) ciall ach an oiread.

(ii) níl cosúlacht gleanna ar an áit – tá ardú ann agus tá an pointe is airde marcáilte 58 méadar ar léarscáil reatha na SO (2010:43). Ar ndóigh, thagair Taylor agus Skinner dó mar *Cro fty Hill* (léigh *Crofty*) sa bhliain 1777 (22) ar léarscáil bhóithre a dhearadar don cheantair beagnach 250 bliain ó shin.

Is é an léirmhíniú a thairgíonn Ó Donnabháin ar *Crufty* ná gurb é *Crochta* (32) a bhunús, agus scríobh sé

Crochta in Irish is the English croft, a close, a field,
a garden,⁹ crofteen is its diminutive (32).

Leanann Joyce Ó Donnabháin:

Crufty in Meath; merely the English word Croft, which was first changed to *Croghta* and that back again to *Crufty*, restoring the *f* sound (1913:279)

Deir Pádraig Ó Cearbhaill nach ‘fuaim ón gcaint í *Crochta*’ [ˈkrʌxdə],¹⁰ ní atá fíor i bhfianaise an tsampla *Crufty* (29) a thaifead Ó Donnabháin sa bhliain 1838, agus i bhfianaise ráitis Joyce (*op cit*). Is fiú aird a tharraingt ar an méid a deir Ó hUiginn maidir leis an bhfuaim - *f* - i lár focail. Tugann sé na samplaí *cluiche* a deirtear mar /kLifʲə/ ar fud Chonnacht chomh maith leis an bhfocal *lúcháir* a deirtear mar /lu:fa:r/ < *lúthgháir*. Deir sé:

seans gur forás é seo ar an ngrúpa *-thch*
(ie Sean-Ghaeilge *cluithche* (1994:557, 2.37).¹¹

Ba é *Crofta* (32) a chinn DGE agus PÓC mar leagan Gaeilge ar *Crufty* sa bhliain 2006, a thugann aitheantas don fhoghraíocht chomhaimseartha agus d’fhoghraíocht an leagain Bhéarla (30) a thaifead Ó Donnabháin. Is léir gur aithnigh Ó Donnabháin, DGE agus PÓC go raibh comhfhreagras idir an fhóineim [f] agus an fhóineim [x] i gcanúintí éagsúla, gurb ionann [krʌfdə] agus *Crochta* sa Ghaeilge.

Ní cnuasfhocal é ‘crochta’, ‘a croft’ ámh. Is focal ón Meán-Bhéarla é ‘croft’ a chiallaíonn

⁹ Tagann sé seo leis an míniú ar *croft* atá tugtha san fhoclóir (Mid Eng Dic:749).

¹⁰ Comhrá pearsanta le Pádraig Ó Cearbhaill, Eanáir 2010.

¹¹ Díríonn Joyce aird ar na bealaí a bhíonn ag scríobhaithe an Bhéarla déileáil le fóineim Ghaeilge nach bhfaightear sa Bhéarla –a leithéide *ch*, *gh*, *dh* agus *th*, a scríobhtar *f* dóibh i logainmneacha áirithe (1869:52).

a very small farm ... often with a house on it that the owner occupier works (*Encarta dictionary*).

Mar sin, b'fhéidir go bhfeilfeadh an t-iolra **Crochtaí* níos fearr ná *Crofta* mar bhunús Gaeilge *Crofty*, mar shamhlófaí níos mó ná crochta amháin ar learg chnoc an bhaile fearainn agus ar an tír máguaird. Chomh maith leis sin, ó thaobh teanga de, bheadh deireadh an iolra –í# na Gaeilge níos dílse d'fhuaim –y# an Bhéarla, mar ar scríobhadh sa bhliain 1838 é, féach (30). Ar chuma ar bith, d'fhéadfaí tátal a bhaint as *Crochta* (nó *Crofta*) .i. na foirmeacha atá curtha chun cinn ag Ó Donnabháin, Joyce agus ag PÓC/ DGE na SO, go mbíodh crochta amháin (?nó fiú roinnt crochtaí) i g*Crufty* sa 19ú haois, nuair a cuireadh an leagan Gaeilge sin chun cinn.

Dá mbeifeá le haghaidh cur síos a dhéanamh ar *Crofty*, is é an chéad ní a déarfása ná gur cnoc aerach crochta atá ann, ach is aidiacht í 'crochta' agus ainmfhocal a theastaíonn mar logainm. An leor an iarmhír logainmníochta a chur leis mar sin .i.

CROCHTA + -AIGH [> -ACH + tabh] nó, an mbíodh an eilimint CNOC nó HILL ann uair amháin mar atá ag Taylor & Skinner .i. *Cro fty Hill* (22) agus gur *Cnoc Crochta is bunús leis?¹²

Ní mhíníonn an méid atá ráite thuas ach na leaganacha a bhí scríofa i gcáipéisí oifigiúla le –f- seachas le –s-, ar ndóigh, agus b'fhéidir go raibh ainm eile ar an áit atá ceilte sna leaganacha stairiúla *Grysty* (1) *Grusty* (3), *Grusce* (4),¹³ *Grusty* (9), *Crusty* (23) - (25), (28). Meabhraítear gurb é *Grysty* (1) an fhoirm is sine a bailíodh. Nó ar míléamh -s- le haghaidh -f- atá le sonrú sna samplaí sin a bhfuil s seachas f iontu?

Toisc go raibh deacracht mhór na foirmeacha le -s- a mheas in éineacht leis na cinn a bhfuil -f- iontu, cheadaíos arís na foinsí ina raibh fáil ar na samplaí *Grysty* (1) agus *Grusty* (3). Tá *Grysty* luaite in éineacht leis na logainmneacha

Termonfeghyn, Fynwy, Louth ... *Grysty*, Crewod in co' Mid' (1)

Ciallaíonn sé sin go mb'fhéidir go mbíodh, nó go bhfuil, an *Grysty* (1) thuasluaite suite ó thuaidh den Bhóinn, agus b'fhéidir nach bhfuil baint ar bith aige leis an g*Crufty* atá faoi chaibidil anseo.

Ina choinne sin, luaitear an sampla *Grusty* (3) san abairt chéanna le *Newhaggard* atá anois i bparóiste *Chill Chearbáin/ *Kilsharvan*, Damh Liag Uachtarach. Leathnaíonn paróiste

¹² Más ea, d'fhéadfadh sé go mbíodh deireadh na haidiachta Gaeilge á rá in *Crufty* sa 16ú haois mar a deireann muintir Cheathrú Thaidhg in Iar-thuaisceart Mhaigh Eo é go comhaimseartha.

¹³ Níl idir- c-[k] agus -t- [t] ach an pointe urlabhraíochta. Mar sin is féidir an fhoirm *Grusce* a thuiscint i dtéarmaí *feature theory* (*passim*).

*Chill Chearbáin/ *Kilsharvan* thar an dá leathbharúntacht Damh Liag Íochtarach agus Damh Liag Uachtarach, ach tá Damh Liag Uachtarach (an áit a bhfuil *Newhaggard*) ó dheas de Dhamh Liag Íochtarach. Síneann *Crufty* thar teorainn an dá leathbharúntachta.

Mar chríoch, is áit chrochta (sa chiall ‘ardaithe suas’/ ‘high’, ‘lofty’ nó ‘elevated’) é *Crufty* agus is *Crochtaigh a shamhlófaí mar leagan Gaeilge ar na leaganacha *Gruft/ Gruftie/ Gruffie/ Crufty/ Crufty/ Crufty/ Crufty/ Crufty* srl atá le fáil ón 16ú haois i leith. Ar ndóigh, b’fhéidir go raibh crochtaí ar *Crufty* ón 16ú haois i leith freisin. Má díorthaíodh *Crufty* ó *Crochtaigh, caithfí sé gur léadh -s- atá in áit -f- go hearráideach sna samplaí stairiúla *Grysty/ Grusty/ Grusce*¹⁴ *Grusty/ Crusty/ Crusty* murar áit eile ar fad atá ansin.

Is cnoc beag cruiteach é *Crufty* agus d’fheilfeadh an logainm Gaeilge *Crochtaigh sa chiall ‘a lofty elevated place’ níos fearr dó ná *Crochtaí ‘[a place of] crofts’.

Aguisín

Thángas ar thagairt do *Knockcrofty* in aiste staire a scríobh Patrick Corish (1976 A:293) agus mé ar tí an tráchtas seo a thabhairt go dtí na clódóirí. Bhreathnaigh mé in Fitzpatrick agus bhí

the Hill of Crofty (or Knockcrofty) (1953:171)

scríofa aigsean. Tá *Knockcrofty* le fáil in Gillespie (2006:149), agus tagraíonn Gilbert don

Hill of Croftie neare vnto Drogheda (ii 1879-1880: 401).

Is é *Knockcrofty* an fhoirm atá ag Meehan a thagraíonn do

The meeting on Knockcrofty (1882:9).

Caithfidh sé go bhfuair na staraithe thuasluaite an leagan *Knockcrofty/ Hill of Croftie* in áit éigin. Chuir Gilbert eagar ar thuairiscí a scríobhadh sa 17ú haois, ach ní rabhas in ann teacht ar a chuid foinsí. Tharlódh sé gurb é *Cnoc Crochta bunleagan Gaeilge an logainm, má thug na staraithe thuasluaite an logainm leo go cruinn.

¹⁴ Míníodh an -c- [k] i dtéarmaí *Feature Theory* thuas.

Barúntacht: Damh Liag Íochtarach

Paróiste: *Cill Chearbáin/ Kilsharvan

[76] **GAFNEY** cf. [38] **GAFNEY**

Díorthaíodh an logainm seo ó shloinne Francach.

***Gaifní** (fogharaistriú ar fhoirm choimrithe na 17ú haoise, rogha an taighdeora **2014**)

Barúntacht: Damh Liag Íochtarach **Paróiste:** Kilsharvan

[77] **KILSHARVAN**

*Cill Searbháin¹ (ainm neamhdheimhnithe *logainm.ie* 2010)

***Cill Chearbáin** (moladh an taighdeora **2014**)

Tugtar an comhthéacs ina bhfaightear cuid de shamplaí an logainm seo i gColún 2 agus i gColún 3 uaireanta, chun é a dhéanamh rí-shoiléir gurb é -c- nó -k- atá mar thús litir an cháilitheora, agus cuirtear cló dubh ar na foirmeacha a bhfuil -c- nó -k- iontu.

- | | | | |
|-----|--------------------------|--|---|
| 1) | c 1182
<i>erratum</i> | [Cell Serbáin]
<i>erratum.</i> | Lhanthony (<i>sic</i>) Cart [<i>erratum</i>]
http://monasticon.celt.dias.ie/search.php?recordhistory=Tax+1302-06#results
Lhanthony Cart. c.1182 ; (7/12/2012) |
| 2) | [1192 -
1202] | [cimiterium de] Kylcaruan | LXXXIX Carta Radulphi de Nugent de terra iuxta cimiterium de Kylcaruan ICL:95-6 |
| 3) | [c.1211-
13] | [cymeterii de] Kylcaruan
[apud] Kylcaruan | XXVIII Carta ... S[imonis] de libertate ecclesie et cymeterii de Kylcaruan , <i>ibid</i> :35 |
| 4) | [1219] | [de libertate de] Kylcaruan

[capellam de] Kilcaruan | XXXIV Carta H[enrici] Dublinensis archiepiscopi, apostolic sedis legati, de libertate de Kylcaruan , <i>ibid</i> :38 |
| 5) | [1221] | [in capellum de] Kilkaruan | XXXVI Carta Iacobi apostolic sedis legati de omnibus ecclesiis in Hibernia, <i>ibid</i> :40 |
| 6) | c 13ú
haois | Kilkarvan | Walter de Lacy [1172 -1241]
Charter (Brodigan):AL , TS 2 <i>logainm.ie</i> |
| 7) | [c. 1230-
34] | ecclesiam de Kilcauran | LXVIII Carta eiusdem Walteri de omnibus beneficiis et terris in Midia*ICL:83. ² |
| 8) | [1233] | [ecclesiam de] Kylcaruan | XXXVII Compositio inter Ricardum Midensem episcopum et domum Lanthonie prime... <i>ibid</i> :41 |
| 9) | [1233] | [ecclesia vero de] Kilcaruan | XXXVIII Carta eiusdem et confirmacio super vicariis in Midia ... <i>ibid</i> :47 |
| 10) | 1242 | [ecclesiam de] Kilkaruan | XVI Consolidacio Ardmachansis de ecclesiis et capellis in diocese Ardmachansi et in diocese Midensi <i>ibid</i> :24 |
| 11) | 1302 | [iure patronatus ecclesie de]
Kilcaruan | XC Carta Ricardi de Nugent de relaxacione ecclesie de Kylkaruan <i>ibid</i> :96 |

¹ Taispeánfar gur foirm earráideach atá san fhoirm neamhdheimhnithe seo. Is Cill Chearbáin an fhoirm is gaire don bhun-Ghaeilge.

² cf. *Fonóta 2: ‘printed in Dugdale *Monasticon* VI, i. 138, with some errors and variants in place-names from an inspeximus in the Patent Rolls (Cal. Pat. Rolls, 1321-4, p.419). The charter is also in King’s *Collectanea* (T.C.D. MS. F. 1,15), pp. 263-4 and from that copied in Harris’s *Collectanea* (Nat. Library of Ireland) vol. xiii. F.114.’

- 12) 1302-06 **Kylkernan recte Kylkervan** 713 Tax. Diocese of Meath CDI 1302-07:253, ach féach *corrigenda xii*
- 13) 1306 **Kylkarman recte Kylkarvan** 714 Roll of Tax. CDI 1302-1307:262, ach féach *corrigenda xiv*
- 14) 1342 [Dated at] **Kilkeruaan** Quit-Claim, CGR 51 *f.60d*
- 15) 1349 [Ballylaghy near] **Kylkernan** Quit-Claim *ibid* 83 *f.103 -f.103d*
- 16) 1401 [rectorias de ...] **Kylkeruan** CXLVIII Inquisicio ... anno regni regis Henrici quarti post conquestum tertio... videlicet pro duabus partibus possessionum eorum existencium in Hibernia. ICL:138
- 17) ?14ú haois [ecclesie de] **Kylkaruan** CLVII Taxacio omnium ecclesiarum prioris et conuentus Lanthonie prime ... infra terram Hibernie. *ibid*:146
- 18) [1537] **Kilkarvan** [P] Inq 28th of Hen VIII (Brodigan):AL, TS 2/ TT **Kilkarvan** *logainm.ie*, OSNB [Ríocht Anraí VIII: 1509-47]
- 19) 1540-1 [Rectoria de] **Kylcarvan** Possessiones ad nuper prioratum de Lanthony in Anglia pertinentes *Comitatus Midie* CSL 1540-1:34 (*Teideal: ibid* 27)
[ecclesia parochialis de] **Kylkarvan**
[villata de **Kylkarvan**]
- 20) 1557 [P] **Kilkarvan** P & M 21/34 CI 1991:154
- 21) idir 1603 & 1625 Kilsharvan[P] Grant J.I (Brodigan):AL, TS 2 *logainm.ie*
Kilsharvan
- 22) 1628 **Killkarvan** Car I 40 Inq Lag
- 23) 1654-1656 Kilcarvan [P] CS 35,48
- 24) 1657 **Killcarvan 5** [P] DS Innéacs
Killcarvan 5 *ibid*
Kilcarvan 5 *ibid* Innéacs *Kilcarvan Kilsharvan san* AL:107
- 25) 1657 **Kilcaruan P** ls DS: Duleeke & Abby Parrishes by Thomas Clarke. An Exact copy by Dan.¹ O'Brien Surv.^r
ls W^m Farrarnd, cóip le Dan¹ O'Brien Surv.^r
ls DS: The Barrony of Dulecke in the County of Meath by W^m Morgan. An exact copy by Dan¹ O'Brien surv.^{or}
- 26) 1662 Kilsharvan[P] ASE (Brodigan) [P] TT *logainm.ie*
Killsharvan TS *logainm.ie*
- 27) 1659 **Kilkervan** [P] Census:479
Kilkervan
- 28) c1668 Killcarvan 16 BSD Index
Kilcarvan Parish *ibid* 16 Teideal sa téacs
Kilcarvan *ibid* 16, 1666 sa téacs
- 29) 1689 **Kilkervan** ls Petty

30)	1700	Killsharvan [P] 2	Forfeited Estates 1700:84, 170'
31)	1786	Kilcarvan Kilcarran	Archdall's Mon Hib (White): 536 The rec and tithes of Kilcarvan extending into Kilcarran, Gruffeodye, Shalton, Newhaggard, Angore and Gaffney; all in the county of Meath [Kilsharvan (<i>sic</i>)] <i>go hearráideach</i> : Archdall Mon Hib:AL TS2/TT <i>logainm.ie</i>
		[Kilsharvan (<i>sic</i>)]	
32)	1786	Kilsaren [P] <i>erratum</i> Kilsaren [P] <i>erratum</i>	innéacs Archdall Mon Hib (White) Archdall Mon Hib NBBP Co. M:107 ³
33)	1792	Killsharvan [P]	Beaufort's memoir:46 NBBP Co. M:107
34)	1795	Killsharvan [P]	Seward's Top Hib NBBP Co. M:107
35)	1802	Kilsharvan [P]	Thompson's Statl Survey, NBBP Co. M:107
36)	1802	Killsharvan	Is Taylor
37)	1810	Kilsharvan [P]	Carlisle's Top. Dic., NBBP Co. M:107
38)	1812	Killysharren [P]	Co Map:AL, TT <i>logainm.ie</i>
39)	1812	Kellysharren	Co Map 1812, TS 1,2/ TT <i>logainm.ie</i>
40)	1821	Kilsharven [P]	Hse of Commons Pop. Returns NBBP Co. M:107
41)	1824	Killsharvan [P]	Beaufort's Map, NBBP Co. M:107
42)	1824	?Kilsharven [P] <i>nó</i> Kilshawen [P] Kilshawen	HCSV:AL, NBBP Co. M:107, ⁴ TT <i>logainm.ie</i> TS 2 <i>logainm.ie</i>
43)	1824	Kellysharren	HCSV:AL, TS 2/ TT <i>logainm.ie</i> <i>Éagsúil le hais (39) thuas</i>
44)	1829	Parish of Kilsharvan	Boundary Sketch OSNB (BS (Boundary Surveyor) TT/ TS 2 <i>logainm.ie</i>)
45)	c1830	Kilsharven Townland	BS:AL, TS 2/ TT <i>logainm.ie</i>
46)	1830	Killsharvan [P]	Irish Ecclesl regr, NBBP Co. M:107
47)	1830	Kilsharvan [P]	HC T Comp Return, NBBP Co. M:107
48)	1835/6 revised 1899	Kilsharvan Ho	Is SO
49)	[idir 1803 agus 1838]	Kilshawen [P] Kilshawen	GJ Rates (Old Docket):AL, TS 2/ TT <i>logainm.ie</i>
50)	[idir 1803 & 1838]	Kellysharren	GJ Rates (Old Docket):AL, TS 2/ TT <i>logainm.ie</i>

³ Ní mar a chéile *Kilsaren* agus *Kilcarvan/ Kilcarran* atá scríofa ar lch 536 d'eagrán White, féach (31) *thuas*.

⁴ Tá an fhoirm seo doiléir. Tá *rven* scríofa i bpeann luaidh os cionn an dúigh.

51)	1836	Kil-shár-van [P] Kil-shár-van	pron:AL, TS 2 / TT <i>logainm.ie</i>
52)	1836	Killsharvan	OSI:131 [O’Conor]
53a)	1862	Kilsharvan ⁵	Cogan i:1862:177
53b)		Kilcarvan	<i>ibid</i> :185
54)	1863	Kilsharvan x 3	D’Alton 1863: 445, 455
55)	July 1836	Cill Searbhain Cill Searabhan ‘St Sharvan’s or Cearban’s	JOD NBBP Co. M:107
56)		Cill searbhain [P] Cill searabhain	OC:AL, TT <i>logainm.ie</i> OC in OSL:131
57)	[1838]	Cill searbhain [P] Cill searbhain	pl:AL, TT <i>logainm.ie</i> pl:AL, TS 2 <i>logainm.ie</i>
58)	[1838]	‘church of Searbhain’ [P] Church of Searbhain	[P] OD:AL OD:AL TS 2 <i>logainm.ie</i>
59)	2008	Cill Searbháin	TS <i>logainm.ie</i>
60)	2014	kilʃarvən	fogharscríobh, Kit Casey, Kevin & Winnifred Collier

Tá an logainm céanna *Kilsharvan* ar pharóiste ([P] thuas) agus ar bhaile fearainn araon i mbarúntacht Dhamh Liag Íochtarach, Contae na Mí. Ar an gcéad fhéachaint is cosúil le logainm dhá mhíre é: #*Kil[l]*- agus *-sharvan*#. Feictear *Kil-* mar phríomheilimint i bhformhór na samplaí a bailíodh, ach faightear an litriú malartach #*Kyl-* freisin. Faightear *-l-* amháin i lár an logainm den chuid is mó, cé go bhfaightear *-ll-* freisin. Bailíodh na foirmeacha #*Killy-* (38) agus #*Kelly-* (39), (43), (50) sa 19ú haois, a bhfuil cuma an truaillithe orthu i gcomparáid leis an gcuid eile den fhianaise. Léiríonn na leaganacha luatha Laidine *Kilcaruan* (2) - (5), (7) – (11), (14) na nósanna a bhíodh ag scríobhaithe lámhscríbhinní agus iad ag scríobh *u* in áit *v*. Is minic cosúlacht a bheith idir *u* agus *n* i lámhscríbhinní áirithe freisin, agus is dócha go bhfuil *n* le feiceáil san fhoirm *Kilkernan* (15) dá bharr, cf. an Réamhrá. Tá an fhoirm *Kilshawen* [P]/ *Kilshawen* (42) doiléir - ar ndóigh níl *rv* neamhchosúil le *w* sa pheannaireacht agus b’fhéidir go raibh deacracht ag an té a rinne an tras-scríobh sin na litreacha atá sa bhunfhoinsé a

⁵ Athscríobhadh an fhoirm seo díreach ó D’Alton 1863 (*sic*):445, féach (54); caithfidh sé go raibh eagrán eile de D’Alton aige a foilsíodh níos luaithe ná 1863).

léamh,⁶ nó más cruinn a scríobhadh é de réir mar a chuala an scríobhaí é, b'fhéidir nach raibh [r] in urlabhraíocht an duine a chuir *Kilshawen* ar fáil dó.

Is le *-c-* nó le *-k-* seachas le *-sh-* ag tús na dara heiliminte a scríobhadh samplaí an logainm ag deireadh na 12ú haoise agus ag tús na 13ú haoise, féach *Kylcaruan/ Kilkeruaan/ Kylkeruan/ Kilkaruan* (2) - (20), a thabharfadh le fios go cinnte gur consan coguasach atá mar thúsfhóinéim na heiliminte sin, cé nach féidir a rá ar consan coguasach pléascach [k], consan carballach [k'], nó consan cuimilteach [x] atá sa bhun-Ghaeilge. Cé gur tháinig athrú ar thúsfhóinéim na dara heiliminte, ag tús na 17ú haoise, ó #[k]/ [k'] nó [x] go #[ʃ] .i. *-karvan/ -k'arvan* srl go *-sharvan* (21), níor ghlac an fhoirm nua *-sharvan* (26), (30), srl áit na seanfhoirme i gcónaí, mar tá taifead ar an gcáilitheoir *-carvan/ -caruan/ -kervan* le *-k-* sa 17ú haois, i bhfiosruithe Shéarlas I (22), sa CS (23), sa DS (24), (25), i *Census* na bliana 1659 (27), sa BSD (28) agus ar léarscáil Phetty a foilsíodh sa bhliain 1689 (29). Scríobhadh le *-k-* arís eile é, i dtreo deireadh na 18ú haoise i *Monasticon Hibernicum* (31), agus cé go bhfaightear an dá fhoirm *Kilsharvan* (53a) agus *Kilcarvan* (53b) in *The Diocese of Meath Ancient and Modern* (foinse thánaisteach a foilsíodh in 1862) is í an tseanfhoirm *Kilcarvan* (53b) a bhí ag Cogan féin, (údar na foinse sin). Ba athscríobh earráideach é, a tógadh díreach ó D'Alton (?1863) bunús na foirme ina raibh an *-sh-* [ʃ] le fáil (cf. fonóta 5 thuas).

Is cosúil gurb é an deireadh neamhaiceanta is cúis le hathrú ghuta *a* go *e- van#* go *-ven#* - i siollaí deirí an logainm sna leaganacha (40), (42), (45), nó go *-ren#* i samplaí (38), (39), (43), (50), nó go *-wen#*, mar atá in (42) agus (49).⁷

Is minic a fheictear nach n-aithníodh scríobhaithe na gcáipéisí Gallda fuaimneanna Gaeilge nach raibh ina dteanga féin, agus ar ndóigh, ní féidir foghair uile na Gaeilge a scríobh i gcóras ortagrafaíochta an Bhéarla. Is léir gur tosaíodh ar [ʃ] a roghnú sa 17ú haois, i gcás *Kilsharvan*, ní a chlaochlaigh cáilitheoir an logainm, mar a phléifear thíos.

Ach díreofar ar an bpríomheilimint ar dtús. Is cosúil gur do CILL nó do COILL a sheasann an príomheilimint #*Kil-*/ #*Kyl -*/ #*Kill-*. Ar ndóigh, smaoinigh 'Fiachra' na SO ar an dá eilimint sin i gcomhthéacs *Kilsharvan* (TS 1 *logainm.ie*).

Bheadh tionchar ag an gcéad eilimint ar an gcáilitheoir *-karvan/ -karven /-sharvan/ -sharven* agus nuair nach léir cén bunús a d'fhéadfadh a bheith ag CILL nó ag COILL, pléifear féidearthachtaí éagsúla an dá eiliminte sin thíos. Maidir leis an

⁶ B'fhacthas domsa gurb é *Kilshawen* a bhí scríofa in NBBP. Bhí *rven* scríofa i bpeann luaidhe os cionn deireadh na foirme. Is cosúil gur léigh an té a chuir an fhoirm *Kilshawen* (42) ar shuíomh *logainm.ie* an rud céanna agus a léigh mise.

⁷ Is botún sothuigthe é seo. Ba fhurasta míléamh a dhéanamh ar *rv*, agus *w* a léamh ina n-áit.

gcáilitheoir, tá #c- nó #k- le fáil in 30 sampla as na 59 sampla scríofa a bailíodh, agus is le #c- nó le #k- a fhaightear na foirmeacha is luaithe. Mar sin, beifear ag tóraíocht cáilitheora Gaeilge le túslitir #C- d'fhoirmeacha luath an logainm.

Cuir i gcás gurb é *coill* príomheilimint an logainm, d'fhéadfaí an t-ainmfhocal *cearbh* + an mhír dhíspeagtha *-án* a athchrúthú mar cháilitheoir a thabharfadh **Caill Cerbhán* nó **Coill Chearbán* 'Wood of little elks' sa litriú comhaimseartha, má ghlactar leis go raibh ceirbh bheaga san áit idir an 12ú agus an 17ú haois.

Mar réiteach breise, d'fhéadfadh sé go raibh searbháin nó searbháin muc ag fás sa choill ón 17ú haois i leith, agus b'fhéidir gur athraigh an logainm go **Coill Searbháin* 'Wood of bitter plants' dá bharr.⁸

Más é *cill* an phríomheilimint, bheifí ag súil le hainm naoimh nó fear eaglasta mar cháilitheoir agus tá *Serbán* luaite ar shuíomh idirlín <http://monasticon.celt.dias.ie>. Is deacair glacadh le hiontaofacht na foirme *Cell Serbáin* (1) AD 1182, ámh, a bhfuil *Irish Cartularies of Llanthony Prima and Secunda* luaite mar fhoinsé di (ICL sa staidéar seo) ar shuíomh idirlín <http://monasticon.celt.dias.ie>. Níl aon cháipéis (a bhfuil dáta níos luaithe ná AD 1186) luaite léi in ICL, eagrán Brooks (1953). Ní thagann an fhoirm *Cell Serbáin* (1) le haon cheann de na leaganacha eile in ICL, a frítheadh don staidéar seo; tá -c- nó -k- mar túslitir na dara heiliminte orthusan uile, féach na 11 díobh atá cláraithe sa Tábla thuas. Is deacair é a chreidiúint, go bhféadfadh a leithéide **Cell Serbáin* a bheith sna buncháipéisí C115/A 8 and C 115 A/2, atá ar caomhnú sa *London Public Record Office*, a cheadaigh Brooks agus é ag cur eagair ar cháipéisí ICL don eagrán (1953) ar baineadh leas as don staidéar seo, i bhfianaise líon mór na samplaí atá bailithe agus atá cláraithe le #K- nó le #C- aige seachas le #S-, mar is léir ón Tábla thuas. Chomh maith leis sin, níl aon tuairisc sa naomhsheanchas ar aon naomh, ná ar aon fhear eaglasta den ainm **Serb/ *Serban* nó **Mosherb/ *Mosherbán* sna foinsí Mart Tall, Mart Gor., FO, ná CGSH. Is cosúil go raibh lucht an tsuímh idirlín <http://monasticon.celt.dias.ie>. ag leanúint Cogan (*op cit* 1862:177) a luann an dáta AD 1182? go hearráideach. Ní fios nár aistrigh údair an tsuímh idirlíon *Kilsharvan* go *Cell Serbáin* agus iad ag leanúint Cogan nó iad faoi thionchar Uí Donnabháin, ach i bhfianaise méid na bhfoirmeacha stairiúla atá le fáil in ICL a léiríonn *Kylkaruan/ Kilcaruan/ Kylcarvan* seachas a mhalairt, tá an chosúlacht ar *Cell Serbáin* (1) gur foirm neamhstairiúil míchumtha í.

⁸ Is é an tOllamh NJA Williams a tharraing m'aird ar an bhféidearthacht seo i gcomhrá pearsanta, féach: 'Searbhán muc 'mouse eared hawkweed' (An Coiste Téarmaíochta:15, 232)

Is léir go ndearna Ó Donnabháin ceangal idir an naomh *Cearbán* agus *Kilsharvan*, mar chuir sé an ghluais ‘St Sharvan’s or Cearban’s’ ar an logainm san Ainmleabhar. Chomh maith leis sin, scríobh sé an nóta a leanas faoi:

Fearta Chearbáin: seems to be the fearta Chearbáin of Colgan
(NBBP Co. M:107 sa CN).

Is éard a scríobh Colgan in 1645 agus eisean ag lua na nAnnála mar fhoinsé aige féin:

De discipulis S Kerani ... **Cerbanum**... videtur esse de quo
quasner Magistri in Annalibus ad annum 499 ita scribunt: S.
Cerbanus Episcopus de Feart-chearbain iuxta Temoriam obiit.
Floriut enim hic tempore S. Kierani nec alium ego Cerbanum in
hystorÿs nostris memoratum reperio (*op cit* 1645:472-3).

Is fíor go raibh *Kilsaren* [P] (32) in innéacs Archdall (1786:465) ach bhí *Kilcarvan*/
Kilcarran (31) ag Archdall chomh maith.⁹ Thagair Archdall do na Cheithre Máistrí agus
é ag lua Cearbán eile a mhair san 8ú haois, féach:

749 Died Cearban of Duleek (*op cit*:533).¹⁰

Cheadaigh Ó Donnabháin *Monasticon Hibernicum* de chuid Archdall (1786) mar
is léir ón méid atá scríofa sna hainmleabhair agus in OSL, ach chláraigh Ó Donnabháin/
O’Conor na leaganacha earráideacha *Cill searbhan/ Searbhain/ Searabhan* (55) – (57)
sa 19ú haois, agus scríobh O’Conor:

Kilsharvan Ph is called Cill Searbhain; it is said *Sharvan* was a saint.
There is an old Church in ruins in this T.L.. (OSL:131).

Breacadh athfhriotal míchruinn .i. *Kilsharvan* (53a), (Cogan 1862:177) i leabhar
a foilsíodh thart ar 25 bliain i ndiaidh scríobh na nAinmleabhar, cé go raibh *Kilcarvan*,
an fhoirm chruinn cheart ag an údar ar leathanach eile den leabhar (*ibid*:185), cf. (53b)
sa Tábla thuas. Ba as D’Alton (1863 (*sic*):445, 455, , cf. (54) thuas) a tháinig an leagan
earráideach seo, mar a luadh cheana.

⁹ ‘Feartchearbain; The church of this name, which had its situation near Tarah, is now unknown, but St Carban was bishop of it in the year 499.’ (Archdall 540).

¹⁰ Tagraíonn Archdall do Colgan 1645 freisin chun tacú leis an ráiteas seo (*op cit* fonóta (n)).

Bíodh sin mar atá, tá an chuma ar an scéal, gur in ainneoin go raibh a fhios ag Colgan in 1645, ag Archdall in 1786 agus ag Ó Donnabháin in 1836 gurb ann don dá naomh *Cearbán/ Cerbanus* agus *Cearban*, go ndeachthas sa muinín as leagan earráideach nuair a roghnaíodh **Sharvan* thar *Cearbán*. B'fhéidir go raibh an leagan *Kilsharvan* gaibhte isteach i gcaint na 19ú haois, toisc an deacracht a bhíonn ag cainteoirí (nach Éireannaigh iad) leis an bhfóinéim [x] i dtús focail - bheadh an [x] sin intuigthe san fhoirm Ghaeilge **Cill Chearbáin*, agus d'fhéadfadh sé go ndearnadh *fronting* ar an [x] agus go raibh an fhóinéim [ʃ] ar [x] sa chanúint áitiúil ag an am. D'fhéadfadh sé go rabhthas ag tabhairt aitheantais don urlabhraíocht chomhaimseartha *Kil-shár-van* (51) sa bhliain 1836, nuair a moladh *Cill Searbhain/ Searabhan* (55) - (57) mar leagan Gaeilge ar an logainm. Tharlódh nach raibh fáil ag an am sin, ar cháipéisí *Llanthony Prima* agus *Secunda*, ná ar fhoinsí eile a bhfuil réimse leathan tagairtí do *Kilcaruan* [kilkarvən] iontu, nuair a shocraíodar ar an bhfoirm sin. Lean lucht na SO chomhaimseartha in 2008 Ó Donnabháin agus O' Conor, agus tá *Cill Searbháin* (59) mar leagan neamhdheimhnithe ar *Kilsharvan* i láthair na huaire. Mar a luadh thuas ní raibh aon naomh ar an bhfód darbh ainm **Searbhán*, ámh, de réir na bhfoinsí dúchasacha a ceadaíodh don tráchtas seo.

Rinneadh tóraíocht i seanchas na naomh ar mhaithe le naomh feiliúnach a fháil mar bhunús cháillitheoir na heiliminte CILL sa logainm *Kilsharvan*. Frítheadh tagairtí do na naoimh a leanas:

(i) *Cerb mac Ambre* (FO:86)¹¹ – d'fhéadfaí na foirmeacha **Cerbén/ *Cerbán* leis an mír dhíspeagtha a athchumadh dósan, agus

(ii) *Cerbanum*, 'Saint Carban', [*Feart*] *chearbain* agus do [*Fearta*] *Chearbáin*.¹²

Maidir le (i), luaitear sliocht le *Carthach* darbh ainm *Cerb mac Ambre* le *Loch Síleann* atá idir Contae na hIarmhí agus Contae an Chábháin¹³ - b'fhéidir go mbeadh seisean ró-fhada ó bhaile le bheith luaite le *Kilsharvan*.

Maidir le (ii), tá sé ráite go raibh *Cerbanus/ Carban/ Cearban* ina easpag ar *Feart(a) Chearbain 'iuxta Temoriam'/ 'Tarah'* sa bhliain 499 (*passim*). Is i mbarúntacht na Scríne/ *Skreen* atá in aice le barúntacht Dhamh Liag a bhí *Feart(a) Chearbain* suite.

¹¹ cf. faoi NOTATIONES 5: 'Cartach: C mac Finian ... meic Saiglenn meic *Cirb meic Ambri* i Coirpri Hua Ciarda ata a baile .i. Druim Fertain 7 Inis Uachtair for Loch Silenn leis béos ...' (*op cit*:86).

¹² *et passim*

¹³ Féach freisin fonóta 3 a shuíonn *Loch Silenn* 'in Gregraide i tuaiscert Mide ...' (Laud 610). Is léir ón tagairt sin go mbíodh teorainn na Mí níos faide siar agus níos faide ó thuaidh sa 9ú/ 10ú haois san am a scríobh Cormac Mac Cuileannán an lámhscríbhinn, a ndearnadh cóip Laud 610 de sa 15ú haois.

Téann sé thar scóip an staidéir seo gluaiseachtaí na naomh a rianadh, ach bheadh sé níos dóchúla go mbeadh nasc idir *Cerbanus/ Carban/ Cearban* (ii) thuas, agus *Kilsharvan*, mar go bhfuil *Teamhair* ina raibh *Feart(a) Chearbain* suite agus lena luaitear *Cerbanus* srl, achar gearr siar ó dheas ó *Kilsharvan*, agus achar níos gaire do *Kilsharvan* ná mar atá *Loch Síleann*, an áit lena luaitear *Cerb mac Ambre* (i).

Dealraíonn sé mar sin, gur logainm le struchtúr coitianta logainmneacha na Luath-Chríostaíochta atá sa logainm *Kilsharvan* .i. CILL + AINM NAOIMH. Tharlódh gurb é *Cerbanus Episcopus de Feart-chearbain iuxta Temoriam/ Carban/ Cearban* (ii) thuas, an naomh a bhunaigh an áit adhartha lena bhfuil a ainm luaite, agus gurb é *Cill Chearbáin an logainm Gaeilge as a díorthaíodh *Kilsharvan*, an logainm atá ar an mbaile fearainn inniu.

[78] SHALLON (ainm Gaeilge le deimhniú *logainm.ie*)

Is logainm Béarla é seo a thóg áit logainm Gaeilge.

*Bealach an locha nó *Baile an Locha (roghanna an taighdeora 2014)

1)	1540-1	[villata de] Shallon	Possessiones ... de Lanthony in Anglia pertinentes <i>Comitatus Midie</i> CSL 1540-1:34
2)	1557	Shallon	P&M 21/34, CI 1991:154
3)	idir 1603 & 1625	Shallow	Grant J I, (Brodigan):AL, TT <i>logainm.ie</i>
4)	1609	Shallon	JI 61 (1), CI 1991:361
5)	1622	Shallan	J I 138/76, <i>ibid</i> 401
6)	1624	de Shallon	Jac I:71, Inq Lag
7)	[1635]	Ballogh al' Ballelogh al' Ballagh & Shallon x 2	Car I 101, <i>ibid</i>
8)	1654 - 56	Shallon	CS 35 X 3, 36 X 2, 49
9)	1655 -59	Shallon	Is BN, Goblet:349
10)	1657	Shallon 6 Shallon Shallon	DS Innéacs DS: liosta bhailte fearainn P of <i>Killkarvan 5</i> Is W ^m Farrarnd, cóip le Dan ^l O'Brien Surv ^r
11)	c1668	Shallon 16 Shallon	BSD Index <i>ibid</i> 16, 1663, 1666 sa téacs
12)	1685	Shallen	Is HD, Goblet:349
13)	1662	Shallon	ASE 1662 (Brodigan), TT <i>logainm.ie</i>
14)	1659	Shallon	Census:479
15)	1786	[the well of] Shallon Shalton	Archdall Mon Hib (White):519 536 (TT <i>logainm.ie</i>)
16)	1812	Shalleen	Co. Map:AL, TT <i>logainm.ie</i>
17)	1824	Shalleen	HCSV:AL, TT <i>logainm.ie</i>
18)	c1830	Shallon	BS:AL, TT <i>logainm.ie</i>
19)	idir 1803 & 1836	Shallon	GJ Rates (Old Docket):AL , TT <i>logainm.ie</i> GJ Presentments
20)	1838	Shallon	JOD:AL, TT <i>logainm.ie</i>
21)	1838	Seallán	OC:AL ¹⁴
22)	1838	‘a gallows’	OD TT <i>logainm.ie</i>

¹⁴ Tá dhá ll ag OC. Ní mar a chéile *sealán* agus *seallán* mar a phléifear thíos.

23)	1838	Sealan	pl:AL, TT <i>logainm.ie</i>
24)	2010	'faL, ʌn	fogharscríobh, Paddy Lenihan
	2014	'faL, ən	Kit Casey

Is i bparóiste *Kilsharvan* i mbarúntacht Dhamh Liag Íochtarach i gContae na Mí atá an baile fearainn *Shallon*. Níor aimsíodh aon tagairt do *Shallon* roimh 1540-1, féach (1). Cé is moite d'fhoirm nó dhó a phléifear thíos, níor athraigh ortagrafaíocht *Shallon* sa 16ú haois (1), (2), sa 17ú haois (3) – (14), ná sa 19ú haois (16) - (20). Luadh *Shallon* in éineacht le *Ballogh al' Ballelogh al' Ballagh & Shallon* (7) sa 17ú haois. Scríobhadh an fhoirm *Shalleen* (16), (17) sa 19ú haois. Aimsíodh tagairt amháin ón 18ú haois .i. *Shallon* (15). Shocraigh OC ar an bhfoirm *Seallán* (21) mar leagan Gaeilge ar an logainm sa bhliain 1838 a chiallaíonn 'a leaf eating insect, a bee, a beehive' de réir an Duinníneach, ach a bhfuil an ghluais 'a gallows' (22) curtha ag OD leis agus fillfear ar an bpointe seo - an difear idir *sealán* agus *seallán*, ar ball. Rinneadh tras-scríobh foghraíoch Gaeilge ar *Shallon* sa 19ú haois, féach *Sealan* (23) agus tugtar faoi deara go bhfuil guta gearr sa dara siolla den fhoirm sin. Is foirm eisceachtúil í *Shallow* (3) a phléifear thíos. Tá sé nach mór cinnte gur sciorradh pinn is cúis leis an *-t-* atá in *Shalton* (15), ós rud é go bhfuil an litriú *Shallon* ag Archdall ar leathanach eile den *Monasticon Hibernicum* (15).

Ní fios an logainm Béarla nó Gaeilge atá in *Shallon*; d'fhéadfadh sé go mbaineann *Shallon* le sraith logainmneacha Béarla a tháinig chun solais sa 16ú haois (nó scaitheimh beag roimhe sin, ós rud é nach bhfuil teacht ar an logainm roimh an aois sin. Shíl O' Conor/ Ó Donnabháin gur logainm de bhunús na Gaeilge a bhí in *Shallon*. Mar a luadh thuas, thairgíodar *Seallán* 'a gallows' (21)¹⁵ mar leagan Gaeilge dó sa bhliain 1838 (ach tá fadhb leis seo agus beidh a thuilleadh plé ar an léirmhíniú seo ar ball). Lean Joyce iad nuair a dúirt sé:

Sealan signifies the rope used by an executioner; and it is sometimes used to designate the place where people were hanged. It gives name to *Shallon*, a townland near Finglas in Dublin; there is another place of the same name near Swords, and a third near Julianstown in Meath. *Shallany* in the parish

¹⁵ Luafar na cialla atá ag an Duinníneach ar *sealán* (le *l* amháin) ar ball.

of Derryvullen, Fermanagh is the same name slightly altered...(1869:221.)¹⁶

Deir Mac Aodha

... places of execution found their way into the toponomy
... a substantial number have survived ... (1996:56-7)

agus luann sé *Shallon*, an baile fearainn atá á chíoradh anseo, chomh maith leis na samplaí a luaigh Joyce, chomh maith le liosta fada logainmneacha a bhfuil an eilimint Ghaeilge CROCHAIRE iontu, a léithéid *Knock[a]croghery/ Knock[a]croghera, Ardnacroghery, Mullaghcroghery* srl, agus liosta eile logainmneacha a bhfuil an eilimint Bhéarla GALLOWS iontu. Ach is líonmhaire go mór na logainmneacha a bhfuil CROCHAIRE nó GALLOWS iontu ná iad siúd a bhfuil *Shallon* iontu.

Is cosúil mar sin, gurb í téis na scoláirí thuasluaite í, gur baineadh leas as *Shallon* mar logainm ar áiteanna crochta daoine agus gur tras-scríobh galldaithe ar SEALÁN atá sa logainm.¹⁷ Ní mar sin a scríobh O’Conor an leagan Gaeilge de *Shallon* sa 19ú haois, ámh. Is le dhá *l* a scríobh sé é agus tá brí ar fad eile leis an bhfocal *seallán*; ciallaíonn *seallán* ‘a leaf eating insect, a bee, a beehive’ de réir an Duinníneach (1923:1003).

Díreofar aird ar an dá fhoirm *Shalleen* (17), (18) anois i gcomhthéacs logainm eile atá le fáil ar áit i gContae an Chláir; is é sin

Shallee > *sealaibh*, signifies cutting or hewing (timber)
(Frost 1906:62).¹⁸

Ní *sealaibh* (le *-bh#*) atá ag an Duinníneach don fhocal seo ámh, ach

Sealadh act of hewing, agus
Sealaidhe a hewer, a dissector, one who cuts down?(1001),

le *-dh#*.

¹⁶ Níl ach ceithre shampla uile luaite ag Joyce san fhoinsé seo.

¹⁷ Is fiú a lua go bhfuil bríonna sa bhreis ag an Duinníneach ar an bhfocal *sealán* - tá ‘cnáib’, ‘a hangman’s rope’ agus tá ‘a ring or noose, ... a withy, a halter’ aige ina measc. Tá an bhri: ‘A halter for passing around the neck of an ox etc., to secure it in its stall’ leis an bhfocal **Sale b.** sa *Dictionary of the Older Scottish Tongue from the Twelfth Century to the end of the Seventeenth* freisin (Craigie viii 1937: 84). Féach freisin na foirmeacha inchurtha *Sale, Saill, Saile, Seill, Seale* OE *sál* a rope, cord, line, bond, ON *seil* with *Seill, Seale* ‘to bind (cattle) in their stalls’ (*op cit*).

¹⁸ Tá ciall eile - ‘a flock, herd, drove’ ag *sealbhán* anois (FGB agus Dineen:1002)

De bharr fairsingeacht na bhfoirmeacha éagsúla seo, caithfear an cheist a chur, an bhféadfadh sé go raibh eilimintí bunaithe ar an bhfocal *sealadh/ sealaibh* ‘act of hewing’ + an mhír dhíspeagtha *-án* sa logainm *Shallon*? An bhféadfadh sé gur cailleadh an *-*dh-* de *Sealadh* agus gur comhshamhlaíodh na gutaí neamhaiceanta roimh **-án*? Ar ndóigh, d’fhéadfadh *sealaidhe* an rópa a ghearradh chun an duine crochta a thógáil anuas.

Tá dhá mhíniú tugtha le haghaidh *sealan* sa Ghaidhlig:

1. ‘Little while’ agus
2. ‘Halter or rope for execution’ (Dwelly:796).

Ós rud é go bhfuil tionchar na nAlbanach le feiceáil ar chuid de logainmneacha na leathbharúntachta, cf. Caibidil 3, **8.3**, b’fhiú breathnú ar an bhfocal Gaeilge gaolmhar ‘seal’ agus ar an leas a bhaintear as mar eilimint i logainmneacha na tíre seo.

Is focal seanbhunaithe sa teanga é *seal* > *sel/ selat sel* ‘a while, a space of time, a turn’ (DIL:162).¹⁹ D’fhéadfadh sé gur SEAL + ÁN < **Sealán* ‘[a place to spend] a little while’ is bunús le *Shallon*, go mór mór ós rud é go bhfuil sampla de logainm in Aill na Brón siar ó Chill Chiaráin i gConamara a bhfuil *Cnocán na Sealaíochta* air. Sheasfadh daoine ansin, ghlacfaidís scíth agus bheadh caint agus comhrá eatarthu Dé Domhnaigh ach go háirithe.

Má tá *Cnocán na Sealaíochta* thiar, thagair Archdall do *the well of Shallon* thoir in *Calliaghtown*, paróiste **Chill Cearbáin/ Kilsharvan*, atá teorantach leis an mbaile fearainn *Shallon*. Dúirt sé:

Here was a cell ... [which] was supposed to stand near *the well of Shallon*, dedicated to St Columb, and the resort of great numbers on the festival of that saint (1786:519).²⁰

Is léir gur áit thábhachtach i saol sóisialta na ndaoine a bhí sa *well of Shallon* ach an oiread le *Cnocán na Sealaíochta* i gConamara. Mar sin, b’fhéidir go bhfeilfeadh SEAL + ÁN < **Sealán* ‘[a place to spend] a little while’ mar leagan athchruthithe Gaeilge do *Shallon*.

Cuir i gcás nach logainm Gaeilge atá i *Shallon* ar chor ar bith, ach go bhfuil sé

¹⁹ Tá ‘seadal .i. sealadh nó seal ‘a short time’, seall .i. seal ‘a space of time’ i ngluais Ui Chléirigh (Miller 1881-83:43).

²⁰ Féach freisin: ‘There is a well in Shallon Townland called Columb Kille’s well, Tobar Choluim Cille’ (OSL:131).

bunaithe ar an eilimint Bhéarla SHALLOW > OE **sc(e)ald* nó **sc(e)alu*. Ar ndóigh tá *Shallow* (3) i measc na bhfoirmeacha stairiúla a bailíodh don logainm *Shallon*. Cuirtear síos ar fhoirmeacha SHALLOW mar a leanas in *English Place-Name Elements*:

**sc(e)ald* OE adj., ‘shallow’ (esp. of water), is not evidenced before the 14th Century (NED) except in p.ns. with OE forms. The root idea seems to be ‘a thin layer’ as in ... *Shalden* Ha (denu ‘a valley’)²¹ *Shalford (Ess), Sr, Shallowford* Sr (ford), *Shadwell* Mx (wella), *Shalbourne* W (burna), *Shalcombe* Wt (cumb) (Smith ii 1956:100)

agus

**sc(e)alu* OE *shalou* (*scealwn* weak oblique) OE adj., ‘shallow’, not recorded independently before the 14th century (*ibid*).²²

Cuimhnítear nár tagraíodh don *Shallon* atá faoi thrácht anseo go dtí AD 1540-41 (i ndiaidh choigistiú na mainistreacha). Mar sin, an bhféadfadh sé gurb é an claontuiseal SCEALWN leis féin atá sa logainm, ach go bhfuil sé scríofa *Shallon* le litriú níos nuaimsearthaí? Tá an bhrí ‘of water, a river etc., not deep’ ag *shaloue* (Mid Eng Dic 1986:594). Tá seans maith ann go mbíodh an chuid theas de *Shallon* mar chuid de thuilemhá na hAiní tráth den saol, mar go mbíonn fuarlaigh fós go minic ar abhantrach na hAiní chomh fada suas le baile Damh Liag atá siar ó *Shallon*.²³ D’fhéadfadh sé, mar sin, gurb é an logainm Sasanach thuasluaite is bunús le *Shallon*. Is léir gur comhshamhláíodh *-ld-* go *-ll-* san fhocal **sc(e)ald* > *shall-* agus feictear gur fhás cáilitheoir an logainm *Shallowford* as an gcomhshamhlú sin i Sasana. Tháinig leagan den logainm sin go hÉirinn sa 15ú haois agus nascadh leis an eilimint TOWN é, féach *Sclafordeston en le Counte de diuelin* (SRPI ii:300) atá scríofa i gcáipéis de chuid Éadbhard IV faoin dáta AD 1475-76.²⁴

Tá An Ainí ina teorainn theas idir *Shallon* agus an baile fearainn *Balgeen* atá i bparóiste *Chill Chearbáin/ *Kilsharvan*, barúntacht Dhamh Liag Uachtarach. Sníonn fo-abhainn de chuid na hAiní - an *Bradagh* - idir *Shallon* agus *Calliaghstown* (O’Boyle

²¹ Féach *Deenes* [34] i bparóiste Dhamh Liag agus *Danestown* [16].

²² Féach freisin: **schald(e), schauld(e)**, srl **1.** of water: Shallow **b.** of sandbanks, shallows etc **c.** Applied to an island with shelving or sloping shores (Craigie viii 1937:244).

²³ Féach *Ninch* [63].

²⁴ Is cosúil go ndearnadh meititéis ar an *-al-* san eilimint *SC(E)ALD san fhoim *Scal i *Sclafordeston* mar a leanas: *Scal + FORD + es + Ton > Scla + + FORD + es + Ton = *Sclafordeston*. Scríobh Morrissey an t-eagarthóir in innéacs na foinse seo: ‘Sclafordstown (? Stafforstown, par. Lusk), co. Dublin, belonging to Sir James Bath and Maud his wife’ (*ibid*:954). Bhíodh daoine den sloinne *Bath* lonnaithe i gCo na Mí freisin ón 15ú haois i leith, féach *Matheus Bathe* in *Colpe* AD 1408 (ICL: 178, 180, CLXV) agus *William Bathe of Dullardeston* (CI 1991:45, Hen VIII 78/110), mar shampla.

1989:80). Tá *Shallon* suite idir trí chnoc íseal - cnoc 43 méadar ar a bharr i dtreo *Calliaghstown* soir ó thuaidh, cnoc *Crufty* atá 58 méadar ar a bharr siar ó thuaidh uaidh, agus cnoc 42 méadar ar airde atá siar uaidh in *Kilsharvan*. Tá an chosúlacht air gur talamh leibhéal atá sa bhaile fearann *Shallon* féin. Dhéanfadh logainm cosúil leis an logainm Sasanach *Shalden* [>*SC(E)ALD + DENU] ‘a shallow valley’ cur síos maith ar shuíomh *Shallon*.

Tá sampla amháin ón 17ú haois *Ballogh al' Ballelogh al' Ballagh & Shallon* (7), a thabharfadh le fios go mbíodh logainm Gaeilge ar *Shallon* an t-am sin. Chonacthas chomh caolchúiseach agus a bhí na hiarrachtaí thuas Gaeilge a chur ar *Shallon* – ní leor an fhianaise teangeolaíoch stairiúil le haghaidh sanasaíocht chreidiúnach a rianadh do *Shallon* agus ní féidir a rá go cinnte go bhfuil bonn Gaeilge faoin logainm *Shallon*. Ach i bhfianaise na foirme *Ballogh al' Ballelogh al' Ballagh & Shallon*,²⁵ d'fhéadfaí a rá go bhfuil sé dóchúil go mbíodh logainm amháin ag na Gaill agus go mbíodh logainm eile ag na Gaeil. Mar sin, dealraíonn sé gur ón logainm Sasanach *Scealwn* a thagann *Shallon*, mar a pléadh thuas, agus gur díorthaíodh an *alias* Gaeilge *Ballelogh* ó na heilimintí BEALACH nó BAILE agus LOCH (agus an t-alt eatarthu), atá le fáil go minic i logainmneacha na tíre.²⁶

Mar sin, d'fhéadfadh sé gurb é **Bealach an Locha* nó **Baile an Locha* bunús Gaeilge *Ballelogh* nó *Ballogh al' Ballelogh al' Ballagh & Shallon* agus gur **Bealach/Baile an Locha* a bhí ar an áit sular tugadh *Shallon* air.

Tá áiteanna ainmnithe *Baile an Locha* le fáil in AM, RC, MEO, Co agus i Liatroim (FSÁG 2:13-14).

Cuireann na logainmneacha *Shallon* > *scealwn* (claontuiseal de **sc(e)alu* OE ‘shallow’ [= ‘a watery place but shallow’]), **Bealach an Locha* nó **Baile an Locha* síos ar an mbaile fearainn go seoigh, agus é mar chuid de thuilemhá na hAiní.

²⁵ Táim ag glacadh leis gurb ionann *Ballogh* agus *Ballagh* a bhíonn mar fhoirmeacha gallda ar an eilimint BEALACH (O' Conor 2001:22-3, Joyce 1913:57).

²⁶ Tharlódh go bhfuil comhshamhlú déanta idir na gutaí neamhaiceanta ag deireadh BAILE agus ag tús AN, agus go bhfuil -n# ag deireadh an ailt comhshamlaithe le #- ag tús na heiliminte LOCH. Deir Joyce: ‘Great numbers of townlands, villages, and parishes, take their names from small lakes as in the widely-extended names *Ballinlough* and *Ballylough*, the town of the lake. In numerous cases the lakes have been dried up, either by natural or artificial drainage, leaving no trace of their existence except their names’ (1869:488). Bíonn cáilitheoir breise ag logainmneacha a bhfuil na heilimintí BAILE agus LOCH iontu, go minic; cf. 10 sampla de logainmneacha a bhfuil an struchtúr BAILE + LOCH + EILIMINT EILE orthu, féach *Baile Locha Riach* agus *Baile Locha Craoibhe* (Ó Riain *et al* FSÁG 2:32-33).

Barúntacht: Damh Liag Íochtarach

Paróiste: Knockcommon

[79] CULLEN

(ainm Gaeilge le deimhniú *logainm.ie*)

***Cuilleann** (moladh an taighdeora 2014)

1)	613	[sech] Cúilne (cusp)	ARÉ i:236
2)	617	[sech] Chuilne	Ann Tig i:172
3)	618	[sech] Chuilne	AU 1983:108
4)	1177-78	Cuillen	CDI 11171-1252:9, 50
5)	1253	Cuillen	CDI 1252- 1284:26, 171
6)	1540-41	Cullyn	IMP 1540-41:219
7)	1541	Cullyn	IFTS i (Hen VIII):31 F254
8)	1551	Cullyn	<i>ibid</i> (Ed VI):170 F779
9)	1566	Cullen	IFTS ii (Eliz):100 F889
10)	1628	Cullen	Inq Lag Car I 40
11)	1654-7	Cullen X 2 Cullan	CS 25, 26 26
12)	1659	Cullin	Census:480
13)	1812	Cullen X 2	Is Larkin
14)	1824	Cullin	HCSV:AL <i>logainm.ie</i>
15)	1826	Cullen	HC Educ Rpt:AL <i>logainm.ie</i>
16)	1830	Cullen	BS:AL <i>logainm.ie</i>
17)	1830-40	Cullen	JOD:AL <i>logainm.ie</i>
18)		Cullen	Co Map:AL Grand Jury Co. Map <i>logainm.ie</i>
19)		Cullin	GJ Rates (OldDocket):AL <i>logainm.ie</i>
20)	1835/6 revised 1899	Cullen Ho	Is SO
21)		Cuilionn	OD:AL 'holly or land bearing holly'
22)	1838	Cuilionn	PL:AL
23)	1960	Cullen	Ó Máille 1960:51
24)	2013	'kwiLən	fogharscríobh, Patricia Lenihan, Mr agus Mary Flood, Charlie Smith

Is i bparóiste *Knockcommon* i mbarúntacht Dhamh Liag, Contae na Mí atá an baile fearainn *Cullen*. Is iad na foirmeacha stairiúla a bailíodh de ná *Cúilne* (1), *Cuilne* (1), (3), *Cuillen* (4), (5) *Cullyn* (6) - (8), *Cullen* (9) - (11), (13), (15) - (18), (20), (23), *Cullan* (11) agus *Cullin* (12), (14), (19). Is cosúil go bhfuil iarracht déanta ag scríobhaithe na gcaipéisí Laidine/ Béarla claontuiseal na Gaeilge a thaispeáint le –ll-caol, ?/L/ sna foirmeacha *Cuillin* (4), (5) a scríobhadh sa 12ú agus sa 13ú haois. De bhrí go bhfuil an bhéim ar an gcéad siolla sna foirmeacha Galldaithe, feictear malairt ghutaí sa dara siolla neamhaiceanta, féach *-en#/-yn#/-an#/-in#*.

Is í *Cuilionn* (21), (22) foirm Ghaeilge na 19ú haoise agus is í an ghluais 'holly or land bearing holly' a thug Ó Donnabháin mar léirmhíniú uirthi (21).²⁷ Ní luaitear an logainm in OSL, cé go bhfuil *Cuilionn* (22) scríofa i bpeann luaidhe san Ainmleabhar. Ní thagann an fhoirm luath *Cúilne* (1) leis an bhfoirm *Cuilne* (2), (3) ón tréimhse ama chéanna, sa mhéid is go bhfuil síneadh fada ar an nguta sa siolla aiceanta uirthi.

Breathnófar anois ar chomhthéacs na n-iontrálacha *Cúilne* (1), *Cuilne* (2), (3), mar atá siad cláraithe sa Tábla thuas. Is sna hAnnála a deirtear gur mharaigh ‘Anfartach hu Mescan de muintir Blaitine Fergusa maic Colmain Moir ríg Midi’ (Ann Tig i:172, AU AD 617, Chron Scot AD 618, FM 613)²⁸ sula dtugtar cúpla ceathrú filíochta faoi -cuirtear in iúl gur ‘uisce dorbach’ a thabharfar do Anfartach sa rann a leanann, agus deirtear sa dara ceathrú:

Cep tan dochósat buidne
cenéoil Colman **sech Cuillne**,
iarmifoset dí suidiú
síl Meschan i m**Blaitínú**
(Ann Tig i:172, AU AD617, FM 613, liomsa an cló dubh).²⁹

(Is sa tuiseal cuspóireach a bhíonn ainmfhocal i ndiaidh an réamhfhocail *sech* (DIL) < *sech Cuillne*). Ar ndóigh, tá *Platin/ Blaitin* achar beag soir ó dheas de *Cullen*, i bparóiste *Knockcommon*. Deir Ó Murchadha agus é ag plé an téacs:

Cuilleann (?Cuilne) 617 ... This is ref. to the killing of the king of Midhe, Fergus m. Colmain, by the people of Blaitíne (Platin, par.

²⁷ Chuir Joyce an ghluais ‘a place abounding in holly’ ar *Cullen* níos deireanaí (c 1870:514). Féach freisin Flanagan & Flanagan 1994:66.

²⁸ Is ‘Fergusa filii Colmain Magni .i. o Anfartuch hu Mescain’ atá tugtha in AU 1983:108, faoin mbliain AD 618.

²⁹ Séimhítear an logainm, féach ‘sech Chuilne’ (AU 1983:108). Tá taifead ar mharú Fhearghais in Chron Scot ó ‘muintir Blaitinne’ ach ní luaitear ‘Cuilne’ (618 Chron Scot:74).

Duleek, bar. Lr. Duleek, Co Meath). It may have occurred in the adj. par. of Knockcommon, where there is a tl. named Cullen, adj. Rosnaree and overlooking r. Boyne. (1996-97:11)

Is í an cheist atá le réiteach anseo ná céard é bunús an logainm a bhfuil na foirmeacha *Cúilne/ Cuilne/ Cuillen/ Cullyn/ Cullen/ Cullan/ Cullin* liostaithe dó sa Tábla thuas.³⁰ Cé go bhfuil teacht ar an ainm pearsanta *Cuilleann/ Cuilleann* (LMG v:197), is mar cháilitheoir a bheifí ag súil leis sin i logainmneacha.³¹ Muna mbeadh cruinnithe againn ach foirmeacha na bhfoinsí Gallda, bheadh rogha le déanamh idir CUILLEANN ‘a steep slope’ nó CUILEANN ‘a place abounding in holly’, ach tá na foirmeacha Gaeilge *Cúilne* (1), *Cuilne* (2), (3) ar fáil, agus tá suíomh an bhaile fearainn le cur san áireamh freisin.

Tá cnoc 96 méadar ar airde ar an taobh thuaidh de *Cullen*, paróiste *Knockcommon*. Tá ardú níos faide ar an learg atá ar an taobh thoir de *Cullen* – téann na línte imairde idir 60 méadar agus 90 - agus tá learg níos ingearaí ar an taobh thuaidh de – téann na línte imairde idir 70 méadar agus 90 méadar. De bharr na learg rite agus fíor-rite sin, beifear ag áiteamh anseo gurb é **Cuilleann* ‘a [very] steep slope’ is bunús le *Cullen*, paróiste *Knockcommon*. Cuirfear fianaise na teanga san áireamh chun tacú leis an léirléamh seo freisin.

Chláraigh Vendryes dhá cheannfhocal *cuilenn* agus **cuilenn* sa *Lexique Etymologique de L'Irlandais Ancien* (1987: C-270). Is ‘holly’ atá i gceist le *cuilenn*. Maidir le **cuilenn*, deir Vendryes gur ‘mot mal connu’ é agus tugann sé na tuisil ‘acc sg *culinn* ... gén. sg. *cuilne*’ dó.³² Níl an ceannfhocal **cuilleann* in DIL, ach tá *cuilne* f. (Lat. *culina*) ‘kitchen’ ann, le comhartha ceiste. Deir Pedersen, ámh:

³⁰ Ní oireann **COILLEANN* > Coll + iarmhír ‘a place abounding in hazel’ < *coll* o stem masc ‘hazel tree’ DIL.

³¹ Féach Mac Fhirbhisigh, *Index of Personal Names (op cit)*; féach freisin *Cuilen, mac Cearbhaill, mic Dunghaile* (ARÉ 884.14:536). Sílim go bhféadfadh sé gur foirmeacha an ainm phearsanta atá le fáil i gcáilitheoirí na logainmneacha *Dunkellin/ Domhnach Cuillinn, Kilcullen/ Cill Cuilend* (féach *Cellculind* AD 1179 in de hÓir 1975 B:97). Is deacra a rá cén bunús atá leis an eilimint sna logainmneacha *Dún Cuille, Sidh Cuillinn, Loch Cuillinn* atá luaite in Ó Máille 1960:50-51 agus in Toner 1996-97:95.

³² Shíl Vendryes go raibh **cuilenn* gaolmhar leis an Laidin *culina*, agus lean eagarthóirí DIL é - tá an ceannfhocal *cuile* m. and f. *Pantry, storeroom, larder* in DIL. Shíl Mc Manus, ámh, (agus é ag scríobh i gcomhthéacs focal iasachta ón Laidin) go bhfuil **cuilenn* (Lat. *culina*) *kitchen* ‘wrongly cited in DIL’ (mar adeir Pedersen 1913, thuasluaite chomh maith), gurb é *cuilenn* ‘(wood of the) holly tree’ a bhí i gceist leis ‘as in the place-name *Druim Cuilinn*’ (Mc Manus 1983:58, fonóta 101). Is míniú sásúil ar cháilitheoir an logainm *Druim Cuilinn* é sin, ach ní oireann an míniú sin don fhoirm *cuilne* sa logainm *Cullen* i bparóiste *Knockcommon*, mar a léirigh Ó Murchadha 1996-97 *passim*.

Dagegen hat wohl ir[isch] cuile ‘a store-house, cellar’ a[lt] ir[isch] cuilae gl colina Sg 51b 5, Gen m[ittel] ir[isch]. cuile und cuiled (nirgends ein *n*- Stamm) mit lat. *culīna* nichts zu tun (1913 ii:111).

Bhailigh Toner na samplaí: *cuileann* (*do Chuiliund chíar, co Culend, Achaidh cuilinn, Fid Chuilind srl*) agus samplaí de *cuilleann* (*i Cuilind, ó Chuillinn, ó Chuillind, co Cullend, srl, Ath Cuillne, (?)Bellum Cuilne, (?) tri Trénfir Chúilne, i nDún Cuille* (*op cit* 1996-97:95).³³ (Tugtar faoi deara go bhfuil samplaí luaite aige a bhfuil *-l-* agus *-ll-* san fhocal *cui[l]leann* agus é gan cháilliú). Ba é a léirléamh ar a raibh bailithe aige ná:

we are clearly dealing with at least two distinct words notably an o-stem masculine *cuileann* and a [long] a-stem *cuilleann* (1996-97:95).

Tá *cuileann* (*o*-stem masc ‘wood of the holly tree’) mar cheannfhocal in DIL agus tugtar raidhse samplaí de agus é litrithe le *l* amháin; tugtar cúpla sampla de a bhfuil *-ll-* ann freisin, ámh.

Maidir le *cuilleann*, fuair Ó Máille

trí samplaí a thaispeáineas *-ll-* (1960:53)

sna lámhscríbhinní LB, LM agus Chron Scot agus fuair Toner samplaí den logainm as féin (mar eilimint aonraic/ *simplex*) le *-ll-* in Mart Tall, i bhFO, in Mart Gor, sa Met Dinds, in LL agus sa CGH (1996-97:95). Deir Ó Máille gur

difir chanúna anois an difir idir *-ll-* caol is *-l-* caol,
ó cailleadh an chéad fhuaim acu i Leith Mogha’ (63).

Mar sin, cé go bhfaightear an dá litriú *Cuileann* agus *Cuilleann* sna téacsanna Gaeilge, ní féidir brath ar an litriú chun ceachtar de na bríonna ‘wood of the holly tree’ nó ‘a steep slope’ a lua le *Cuil[l]eann*.³⁴

Mhínigh Ó Máille an bhrí a bhain seisean as an eilimint CUILLEANN mar a leanas:

³³ Dornán de shamplaí Toner atá tugtha anseo. Luann sé *Cathbad cuille agus Congalach cuilli* i measc na samplaí a bhailigh sé; an bhféadfadh sé gur ó *coll* ‘hazel-tree’ (DIL) a thagann an buafhocal (*epithet*) ‘cuille’?

³⁴ Féach freisin fonóta 19 ag Toner (1996-97:98). B’fhiú a lua anseo freisin nach ndeireann cainteoirí dúchasacha Gaeilge as Conamara *Maigh Cuileann* (áit a ritheann an learg ard anuas ón mbóthar mór go dtí Loch Coirb) le [l], ach le [L] in ainneoin nach bhfuil ach *-l-* amháin sa litriú Gaeilge, cé gur ‘holly’ an ghluais atá tugtha ag *logainm.ie* don logainm sin.

Learg nó fánán an airdhe thalmhanda atá ina húdar anma do na háiteacha a cuireadh sa liosta thuas [an 40 áitainm a scrúdaíodh], ach is ceann fíorfheiceálach í. Rite nó fíor-rite a fuaireas an learg ins gach áit, sa gcaoi gur cruaidh an dóigh shiúil í árdú. Tig fad ó thimpeall leithchéad troigh go dtí míle a bheith sa learg. ... tá brat coille ar chuid de na learga. Tuiteann an fánán go glan, gan briseadh, gan bearna, óna bhuaic go dtína bhun (1960:58)

Rinne an Máilleach cur síos beacht ar an learg a bhí i ngach ceann de na 40 áit a scrúdaigh sé, a raibh an eilimint litrithe *Cullion/ Cullen/ Cullin/ Cullien/ Collan* srl iontu, idir shliabh agus oileán, idir bhailte fearainn agus pharóistí agus shráidbhailte, agus ón gcur síos atá aige orthu, tá an chosúlacht air gur shiúil sé iad uile (58-61). Bíodh nó ná bíodh ‘brat coille’ cuilinn ‘holly’ ag fás orthu tráth den saol (ní a chuirfeadh le mearbhall a ainmnithe), tharlódh go raibh (agus is dócha go bhfuil fós),³⁵ learga rite sna háiteanna atá luaite ag Ó Máille.³⁶ Luaigh Flanagan deich logainm leis an eilimint CUILLEANN ‘a steep, unbroken slope’ iontu i dTuaisceart na tíre (1981-82:64).

B’fhacthas do Toner agus é ag plé gnás úsáid na bhfocal *cuileann* agus *cuilleann* i dtéacsanna:

... in contradistinction to *cuileann*, *cuilleann* frequently stands independently³⁷ ... and it seems fair to conclude that in general this is the same element which occurs in townland-names for which there is ... no qualifying element ...

... it is not uncommon for names of trees and bushes to stand on their own in place-names ... we ... find occasional occurrences of *coll* ‘hazel’ ... we can hardly rule out the possibility that at least some of these names derive from *cuileann* ‘holly’ (1996-97:96).

³⁵ D’fhéadfadh sé gur cairéalaíodh cuid díobh idir an dá linn, ar ndóigh.

³⁶ Is cosúil go raibh amhras ar Ó Mainín maidir le *Cullion* i gContae an Dúin. Dúirt sé ‘There is certainly a hill in this townland although it does not appear to be particularly steep’ (Ó Mainín 1993:75). Fiú más *Cuilleann* ‘holly’ is bunús leis an logainm áirithe *Cullion* i gContae an Dúin, is fadhb eile le réiteach í an ‘mot mal connu’. Bhí amhras ar Toner maidir le riteacht/ fíor-riteacht na learg freisin. Dúirt sé ‘closer examination of the physical aspects of other examples of this element may also show slopes which are not significantly steep’ (*op cit* 97). B’fhiú aird a dhíriú ar chuid den mhíniú a bhí ag an Máilleach ar an eilimint sa chomhthéacs seo .i. ‘Tuiteann an fánán go glan, gan briseadh, gan bearna, óna bhuaic go dtína bhun.’ (Tugadh sainmhíniú an Mhailigh ina iomláine thuas) (*et passim*).

³⁷ Féach Mart Tall, FO Mart Gor, Met Dinds. LL agus CGH, féach freisin an cúpla sampla thuas a bhfuil –l- amháin iontu, ámh, .i. do Cuiliund chfár (Met Dinds.iii 115.91) agus co Culend (LL ii 11559, fonóta 4: ‘a second l expunged’)

Tá fréamhacha an dá fhocal *cuileann* agus **cuileann* le fáil san *Indogermanisches Etymologisches Wörterbuch*, féach:

1. *kel-*, *kelə-*, ragen *tower/rise*, hoch *high* (*hebenlift hoist raise*);
kl̥n-is ‘Hügel’ *hill, hillock* [*l* = IE syllabic *l*]
2. *kel-* ‘*stechen*’ *prick*; *kol-so-*, ‘*Stachel*’ *prickle thorn [dorn]*,
kol-no- *s*, ‘*durchstochen*’ *pierce*’ (Pokorny 1959:544, 1 agus 545, 2).³⁸

Cláraíonn Pokorny *cuileann* faoi 2. *kel-* thuas, agus glactar leis gur ‘holly’ atá i gceist leis an téarma sin.

Chláraigh Pokorny na focail fhirinsneacha *KoA vós* [[*Kolōnós*] sa Ghréigis agus *collis* sa Laidin, a d’fhás as an bhfréamh 1. *kel-*, *kelə-*, *kl̥n-is*, chomh maith le *hyll* sa Sean-Bhéarla, agus tá dhá inscne - firinsneach agus baininsneach - cláraithe aige don fhocal *hyll*. Is foirmeacha baininsneacha atá cláraithe aige d’fhocail ghaolmhara Liotuáinise (*Lettish*). Níl aon fhocal cláraithe aige a bheadh díorthaithe ón bhfréamh 1. *kel-*, *kelə-*, *kl̥n-is* sna teangacha Ceilteacha, ach d’fhéadfadh sé go mbíodh a leithéide ann, gur fhás **cuilleann* [?tuiséal ainmneach de *cuilne*] as an bhfréamh 1. *kel-*, *kelə-*, *kl̥n-is*, gur chúlaigh sé sa teanga labhartha de bharr a chosúlacht le *cuileann* ‘holly’, agus go bhfuil sé le feiceáil mar fhoirm reoite i logainmneacha áirithe – cuimhneofar nár thángthas ar aon réiteach sásúil ar an bhfoirm bhaininsneach *cuil[l]ne* go fóill, ach go gceapann Ó Murchadha go dtagraíonn *Cuilne* (2), (3) don logainm *Cullen* sa pharóiste *Knockcommon (passim)*, áit a bhfuil learg rite ar an taobh thoir den chnoc, agus learg fíor-rite ar an slios ó thuaidh.

Is léir, mar sin, go dtugann Pokorny cuntas ar an dá fhréamh, agus go n-aithníonn Vendryes an ‘mot mal connu’ leis an tuiséal ginideach *cuilne*, agus go n-aithníonn Toner an focal ‘mal connu’ mar fhocal le ‘-a stem’ sna foirmeacha *Ath Cuillne*, (?)*Bellum Cuilne*, (?) *tri Trénfir Chúilne* (agus cuirfear foirmeacha an logainm *Cúilne/ Cuilne/ Cullen*, paróiste *Knockcommon* leis na logainmneacha sin anois). Aithníonn Ó Máille go bhfuil focal cosúil le *cuileann* ann, a bhfuil cosúlacht

³⁸ Tagraíonn Pokorny don fhocal Mheán-Ghaeilge: 3 *coll neck, jaw, head* DIL:327 (is o- tamhan é seachas a-tamhan, ach ar ndóigh athraíonn inscní focal) mar fhianaise don cheangal a dhéanann sé leis an bhfréamh 1. *kel-*, *kelə-*. Ar ndóigh tá baill chorp i logainmneacha pléite cheana ag scoláirí, féach go bhfuil an eilimint CEANN/CENN i logainmneacha luaite ag Mac Mathúna 1989-90:146 agus go bhfuil CEANN i logainmneacha pléite ag Ó Maolfabhaill 1987:27-29. Is cosúil go mbaintear leas as focal ‘neck’ sa Sean-Iorrais le haghaidh ‘sliabh’ a chomharthú (Comhrá pearsanta leis an Dochtúir Vera Capkova 2012.)

chomhainm (*homonym*) air agus claraíonn Pokorny díorthaithe éagsúla i dteangacha éagsúla - seachas an Ghaeilge - ón bhfréamh

1. *kel-*, *kelə-*, *kln-is* chomh maith le focail eile (a bhfuil an chiall ‘holly’ acu) atá díorthaithe ó 2. *kel-* nach bhfuil aon deacracht ag baint leo.

Dealraíonn sé mar sin, go gcaithfear an dá théarma sin a fhiosrú i gcónaí chun míniú sásúil a fháil ar an logainm *Cullen*, nuair a sheasann sé as féin agus nuair a bhíonn sé mar eilimint i logainmneacha. Tá réiteach an fhiosraithe níos éasca i gcás *Cullen* i bparóiste *Knockcommon* de bharr na bhfoirmeacha *Cúilne* (1), *Cuilne* (2), (3) a bheith ann - díreofar aird arís ar Ó Murchadha a shíleann gur *Knockcommon* atá i gceist i gcás *Cuilne* (2), (*passim*).

Is í an téis a bhí ag an Máilleach ná gur fhás an téarma *cuilleann* (bain. *a- stem*) ‘as an bhfréamh Ind-Eorpach **kln* ‘árd, cnoc’ + foirceann’, ach an oiread le

KoA vos [Kolōnós] na Gréigise, *collis* na Laidine,
hyll an tSean-Bhéarla, is eile (*op cit*).

Go hachomair, is mar seo a mhíníonn seisean díorthú an téarma:

**kln-* + comhshamlú *n* go *l* + iarmhír *-(e)ann* > **Kll(e)ann* nó **Cuilleann* [*l* - *l* siollabach Ind-Eorpach].

Agus Toner ag déanamh athbhreithniú ar *Cuilleann*, **Cuilleann*, luann sé dhá phíosa fianaise a bhí ag Ó Máille a thacaigh le téis an Mháilligh .i. gur *learg* ‘a steep (unbroken) slope’ atá i gceist le *cuilleann*. Is iad sin (i) an ghluais a leanas ar *Colmán Duib Chuilinn*:

Colmán dub o Chuiliunn .i. sliab fil ic
belach Conglais il-Laigrib (FO:246).

Tagraíonn Toner don ghluais ag rá gurb é

the most compelling evidence for a word relating to hills
or mountains (*op cit*:97).

agus scríobhann sé

it is interesting ... that the word *cuilleann* should have given name
to a mountain (*ibid*:98)

agus (ii) maidir leis an dara heilimint in *Slieve Gullion* deir sé:

It is also of interest that the second element in the name *Slieve Gullion*

in Co Armagh is *cuileann* (*passim*).

Is é léirléamh Toner, ámh, go bhféadfadh an prótó-Ceiltis **Kolino-* in éineacht leis an iarmhír *-en* a bheith mar bhunús *cuileann*, agus go bhféadfaí sanasaíocht an fhocail a rianadh mar seo:

**Kolino-* + meánchoimriú + comhshamlú *n* go *l*

< **Koll-* + *-en* < **Kollen* agus go mba as **Kollen* a tháinig *cuileann*.³⁹

Dealraíonn sé, ámh, go bhfuil Ó Máille agus Toner ag cur síos ar dhá théarma éagsúla. Níl aon deacracht glacadh le míniú Vendryes/ Pokorny/ Matasovič ar dhíorthaithe *cuileann* ‘holly’, agus tá raidhse fianaise den téarma sin le fáil sna teangacha Ceilteacha.⁴⁰

Maidir leis an ‘mot mal connu’ nó *Cúilne* (1), *Cuilne* (2), (3) atá cláraithe sa Tábla thuas, má bhí ainmfhocal sa Ghaeilge a d’fhás as an bhfréamh

1. kel-, kelə-, kln-is + iarmhír *-(E)ANN* mar a rianaíonn Ó Máille, is cosúil gur meascadh lena chomhainm *cuileann* é agus gur imigh sé as an teanga labhartha dá bharr, cé go bhfuil sé caomhnaithe i logainmneacha.

Maidir leis an gcrann cuilinn féin,⁴¹ fásann sé i gcoillte, i gcoillearnacha agus ar thalamh ard. Is minic a gheofa *cuileann* ‘holly’ ag fás ar **chuilleann* ‘a steep slope’ - meabhraítear go ndúirt Ó Máille go raibh ‘brat coille ar chuid de na learga’ (*passim*).⁴² B’fhéidir gur cuireadh leis an mearbhall, go bhfuil an dá théarma chomh cosúil lena chéile agus go mbíonn ceann acu - an *cuileann* ‘holly’ - ag fás ar an gceann eile .i. ar an *g*cuilleann* ‘steep slope’ in amanna.

Tá fianaise i mBéarla labhartha na ndaoine áitiúla go bhfuil dhá fhocal éagsúla fós ann, nach bhfuil ach an t-aon fhoirm amháin le fáil dóibh sa scríobh, cé go bhfuil fáil ar an bhfoirm stairiúil *Quyllan in co’ Watf’* a scríobhadh c 1382 (Rot Pat: 114 b, 201). Nuair a d’fhiafraigh mé de bheirt a bhí amuigh ag spaisteoireacht faoi cá háit a thiocfainn ar *Cullen* agus mé ar chamchuairt trí *Knockcommon*, is é an freagra a fuair mé ná:

³⁹ Féach freisin Vendryes (*op cit*). Maidir le *cuileann*, luann Toner an chomhchosúlacht idir é agus an t-ainm Bhreatnais ar an abhainn *Celyn* > Breatnais *celyn* ‘holly’ + *-en* mar thacaíocht ar an tsanasaíocht a thugann seisean ar *cuilleann* (*op cit* 98-99). Féach freisin Padel 1985:93.

⁴⁰ OIr (o stem masc) *cuilinn*; Breatnais, Meán-Bhreatnais; *celyn* Briotánais; Meán-Bhriotánais *queleenn*, Nua-Bhriotánais *Keleenn* (cnuasfhocal), Coirnis *Kelin*, Próto-Ind-Eorpais **Kol-ino-* ‘pricky tree, ? holly’ (Matasovič 2009:213).

⁴¹ *Ilex aquifolium*: www.treecouncil.ie/irishtrees/holly.html (15/12/2012)

⁴² Ní shainíonn sé an cineáil coille.

‘Now there’s a /kwiLən/ and a /kulən/. Which one do you want?’

D’fhiafraigh mé cén difir a bhí eatarthu agus dúradh liom:

‘/kwiLən/ is up that way to the left, and /kulən/ is over across the river on the Slane side’ (Mr Flood 2012). ‘Our side of the Boyne is /kwiLən/, there’s a hill on it and you can look across to Slane from it. I’ve heard it said – the /kwiLən/ road. /kulən/ is beyond Slane. (Mary Flood 2012)

Nuair a casadh na daoine áitiúla Patricia Lenihan, Mrs Flood agus Charlie Smith orm i mí Lúnasa 2013, is mar [kwiLən] a thagair an triúr acu do *Cullen*, in *Knockcommon* freisin.

Cé go bhfeileann *cuileann* ‘holly’ do logainmneacha áirithe a bhfuil *Cullen* orthu, dealraíonn sé gur foirmeacha den ‘mot mal connu’**Cuilleann*, sa tuiseal cuspóireach atá in *Cúilne* (1), *Cuilne* (2), (3) ag a bhfuil an tuiseal ginideach *cuilne* dearbhaithe dó.

Tá learga rite ar *Cullen* i bparóiste *Knockcommon*. Níl aon dabht faoi ach go ndeachaigh an bóthar i *gCullen* síos le fána géar i dtreo mhachaire na Bóinne, ní atá léirithe go maith sa chur síos ‘a steep slope’.

Tá paróistí darbh ainm *Cullen* le fáil i gContae Chorcaí, i gContae Thiobraid Árann agus i gContae Liatroma. Tá bailte fearainn den ainm le fáil i gContae Chorcaí agus i gContae Fhear Manach (*logainm.ie*) chomh maith leis an *gCullen* thuasluaite i gContae na Mí.⁴³ Is í an fhoirm *Cullion* atá le fáil i gcás 15 bhaile fearainn in Uladh.⁴⁴

⁴³ Tá *cullen* nasctha go flúirseach mar phríomheilimint nó mar cháilitheoir eilimintí eile i logainmneacha ar fud na tíre. Nascadh *Cullen* le BAILE chomh luath le AD 1280-1, féach *Balicullan* (CDR 1252-1284: 375, 1784).

⁴⁴ cf. an fhoim stairiúil ‘Quillin’ den logainm *Cullion* (Toner, Ó Mainnín: 1992:74).

[80] GILLTOWN

Frítheadh an logainm *Gilston* i Sasana sular frítheadh *Gillton* in Éirinn.

*Baile na nGiollach (ainm neamhdheimhnihe *logainm.ie*)

1)	1541	Gilton	IFTS i (Hen VIII):30-1 F254
2)	1551	Gilton	IFTS i (Ed VI): 170-71 F779
3)	1566	Gylton	IFTS ii (Eliz):100 F889
4)	1628	Gillton	Car I 40: <i>ibid</i> Féach freisin Inq. C. I:AL (TT <i>logainm.ie</i>)
5)	1654-7	Gilltowne Gillstowne x 2	CS:25 26 (X 2), 48
6)	1659	Gilltowne [P Knockamon]	Census:480
7)	1812	Gilltown	Is Larkin
8)	1824	Gilltown	BS:AL, TT <i>logainm.ie</i>
9)	c 1830	Gilltown	
10)	1830-40	Gilltown	JOD:AL, TT <i>logainm.ie</i> .
11)		Gilltown	GJ Rates (Old Docket):AL, TT <i>logainm.ie</i>
12)		Gilltown	Co. Map:AL , TT <i>logainm.ie</i> Grand Jury Co Map in AL <i>logainm.ie</i> .
13)	1838	Bul' na n-giollaigh 'town of the Gills (family)'	OD:AL, TT <i>logainm.ie</i>
14)	1838	Bal na n-giollaigh	pl:AL TT <i>logainm.ie</i>
15)	1851	Gilltown	AITTI: 473
16)	2005	Gilltown	Is SO 44
17)	2009	'giLs,təun	fogharscríobh, Paddy Lenihan
	2014	'giL,təun	David Kearney

Is i bparóiste *Knockcommon*, barúntacht Dhamh Liag Íochtarach, Contae na Mí atá an baile fearainn *Gilltown*. Is cosúil le logainm dhá mhíre é, *Gil/ Gill* agus *ton/ town(e)*. Níor frítheadh tagairt don logainm níos luaithe ná an 16ú haois, féach *Gilton* (1), (2), *Gylton* (3) agus níor athraigh an logainm ó shin, ach go fánach, sa litriú. Scríobhadh *Gilltowne* (5) sa CS, ach is leagan corr é *Gillstowne* (5) a scríobhadh faoi dhó san

fhoirse sin. Chuir Ó Donnabháin an ghluais 'town of the Gills (family)' le foirmeacha Gaeilge *Bul' / Bal na ngiollaigh* (13), (14) sa 19ú haois.⁴⁵ Bhain sé leas as na leaganacha giorraithe de *baile* .i. *Bul' / Bal* mar aistriúchán ar *town*. Ar ndóigh, bhí an chosúlacht air go raibh an eilimint BAL le fáil sna logainmneacha *Balsaran* [27] agus *Balrath* [90] cheana féin, cf. Caibidil 3, 8.

Bhíodh samplaí de logainm faoi struchtúr na Gaeilge a raibh an eilimint chosúil *-degil/ -degel/ -degyl > de + gil/ gel* le fáil i gCill Dara sa 13ú haois, féach AD 1297 *Ballydegil/ Balidegel/ Balidegyl* (CJR 1295-1303:170, 191)⁴⁶ agus baineadh leas as foirm na heiliminte **[de] gel/ gil/ gyl* mar shloinne sa 13ú haois freisin, féach AD 1297 *Thomas Odegel/ Odegil/ Odegyl, Dunlef degyl, Geoffrey Odegyl, Roger Odegel* (*ibid*:170, 179, 191).

De réir MacLysaght seasann *Gill* do *Mac Gill/ Magill* ([1957] 1985:124) agus de réir Hanks & Hodges is sloinne Sasanach é *Gill* (1989:210). Is ón nGaeilge *giolla* a thagann *Gill* agus é mar chuid d'ainmneacha pearsanta Gaelacha, a bhfuil na samplaí stairiúla galldaithe a leanas ina measc: *Mack Gilpatrick* AD 1560 (Brewer, Bullen 1867: 309, 229), *Nyce Mc Donell m'Gillaspick, Gillpatrick M'Enry, Gilliduffe O Hara, Gilleduffe, John Duffe M'Gillpatrick, John oge M'Gillpatrick, Gilliduffe M'Gill, Hugh m'Gill, Gilliduffe m'Amley, Sheaine annasie M'Gill, Gilliduffe O Conchor, Gilpatrick O Cahane, Gillagrwma roy M'Amly* AD 1602 (IFTS iii (Eliz):558 F6633),⁴⁷ *Gill* AD 1659,⁴⁸ agus *Eleazer Gill* AD 1757 (O' Byrne, Chamney: 2005:420, 1018).

Is léir, mar sin, go bhfuil fianaise ann gur baineadh leas as *Gill* agus as *Giolla* i sloinnte go stairiúil. Ní fhéadfadh mearbhall a bheith ar thaighdeoirí agus iad ag iarraidh réiteach arbh é an sloinne Béarla *Gill* nó an sloinne Gaeilge *Giolla* a bheadh i gceist le chéad eilimint an logainm *Gilltown* ámh, mar seasann *Gill* an Bhéarla as féin mar eilimint aonrach sa sloinne Sasanach, ach ní fhaightear *Giolla* as féin i sloinnte na nGael - nasctar eilimintí eile leis sin.

Cé nach bhfuil fáil ar aon sampla den logainm *Gilltown* i bparóiste *Knockcommon* roimh an 16ú haois, tá baile fearainn i mbarúntacht Nás Theas, a bhfuil *Gilltown* air ó thús na 14ú haoise, féach *Gilleteon* AD 1305 (CJR 1305-07:166). Is suimiúil go bhfuil an logainm Gaelach *Ynchebristelan/ Inchbriston/ Inchebristolán/ Inchebristelan/*

⁴⁵ Is *Baile Ghiolla* (DG) agus *Baile na nGiolla* (RC) a thug ÓD ar an dá *Gilltown* eile sin.

⁴⁶ Tugadh *Gilsland* ar áit a bhí gar do *Preston (Gormanston)*, Contae na Mí, sa 14ú haois (CGR:vii).

⁴⁷ Tá ainmneacha na ndaoine ar tugadh 'pardon' dóibh cláraithe sa *Fiant* seo. Níl tugtha thuas ach sampla ábhartha ainmneacha - tá go leor ainmneacha eile ann.

⁴⁸ Bhí dáréag díobh in *Rathcleene Barrony*, [Lo] (Census 1659:452). Áiríodh 49 *McGill* in *Antrim, Ardmadh* agus *Downe* sa Census 1659, beirt 'gentleman' ina measc.

Inchebrisselan [*Inse Brisleáin*] le fáil ar an mbaile fearainn céanna⁴⁹ - ní a léiríonn gur baineadh leas as an dá logainm éagsúla sin sa dá chultúr, ag tús na 14ú haoise i gCill Dara. Ar ndóigh, níl cosúlacht dá laghad idir *Ynchebristelan* agus *Gilltown*.

Ní leanann *Gilltown* gnáthphátrún na logainmneacha a shamhlaímid leis na logainmneacha a chruthaigh na Normannaigh, sa mhéid is nach bhfuil aon mhír shealbhach idir na heilimintí SLOINNE + TOWN mar a bhíonn ag formhór na logainmneacha a bhfuil an eilimint TOWN iontu. Cé go bhfuil an pátrún SLOINNE/AINM PEARSANTA + TOWN gan mhír shealbhach le fáil i logainmneacha Shasana,⁵⁰ tá fáil ar an logainm *Gilston* thall ansin.

Is cosúil gur logainm Béarla é *Gilltown* ar cheithre chúis:

- (i) Is sloinne Sasanach é *Gill* (Ní bhíonn *Giolla* ach mar chuid den sloinne Éireannach).
- (ii) Níl aon *alias* Gaelach le fáil do *Gilltown*, paróiste *Knockcommon* mar atá ag *Gilltown/ Inis Brisleáin* i mbarúntacht Nás Theas i gContae Chill Dara.
- (iii) Is logainm deireanach é - níl taifead air go dtí an 16ú haois. Tharlódh gur éirigh le muintir *Gill* cuid de thailte coigistithe na mainistreach *sancti Michaelis de Duueluke* a fháil.
- (iv) Tá *Gilltown* faoi struchtúr logainmneacha Shasana .i. SLOINNE + TOWN

Is é *Baile na nGiollach an t-ainm neamhdheimhnithe Gaeilge atá ar *Gilltown*, de réir *logainm.ie*.

⁴⁹ Tugtar *Inse Brisleáin* ar an bparóiste agus ar an baile fearainn atá i mbarúntacht *Nás Theas*. Féach na foirmeacha stairiúla a scríobhadh sa 14ú haois: *Ynchebristelan* (CGR:1), *Inchbriston*, *Inchebristolán* (CJR 1305-1307:372), *Inchebristelan* [*Inchbrislón alias Gillton*, co Kildare] (*ibid*:242).

⁵⁰ Féach na samplaí a leanas: *Alfreton* (Mills 1991:6), *Betton* (*ibid*:33), *Caxton* (*ibid* 70), *Chadlington* (*ibid*), *Drimton* (*ibid*:110), *Erwarton* (*ibid*:123), *Folkton* (*ibid*:134), *Ganton* (*ibid*:140), *Homerton* (*ibid*:177), *Ilton* (*ibid*:186), *Knayton* (*ibid*:200), *Loughton* (*ibid*:216), *Manaton* (*ibid*:221), *Nafferton* (*ibid*:238), *Oulston* (*ibid*:250), *Pailton* (*ibid*:253), *Rainton* (*ibid*:267), *Sneaton* (*ibid*:301), *Thirston* (*ibid*:325), *Whiston* (*ibid*:356), *Yarnton* (*ibid*:375), cé go bhfuil *Gilston* > *Gēdel or *Gydel [‘O.E. personal name’] + tūn mar ainm áite in *Hertfordshire* (*ibid*:143). Is cosúil gur logainmneacha níos sine iad na cinn a bhfuil an mhír shealbhach iontu thall i Sasana - feictear sa *Domesday Book* iad.

Barúntacht: Damh Liag Íochtarach

Paróiste: Knockcommon

[81] KNOCKCOMMON

*Cnoc Comáin (ainm neamhdheimhnihe *logainm.ie*)

***Cnoc Camabhann** (moladh an taighdeora **2014**)

- 1) 1306 Cnokcamban *recte* Cnockcamcan 713 Tax. D. M. CDI 1302-1307: 253, 254
Cnockamcan *corrigenda xii*, féach (21) thíos
- 2) 1540-1 [Newton de] Knockamawen CSL 1540-41: 215
- 3) 1540-1 Knockamothan 2013 IMP 1540-41:219
- 4) 1541 Cracamothan IFTS i (Hen VIII):30-1 F254
Knocamohan
- 5) 1540-41 Cratamothan *alias* Cnocknothan IMP 1540-41:218
[Dromenhall *alias* Newton of]
Knokamothan [X 2] *ibid* : 219
- 6) 1551 Knockmothen Knockamothan IFTS Ed VI: 170-71, F779
- 7) 1562 Knockamyn CI :177 Eliz 22/184
- 8) 1566 Cracamothan IFTS ii (Eliz):100 F889
- 9) 1654-7 Knockaman [P] CS 2, 25, 26
[Newtown upon] Knockaman 25
Knockaman X 4 26, 49
Newtownupon Knockaman 26
- 10) 1654-57 Knockhammon DS Is: The Parrishes of Knockhammon
Knock hammon Parrish Painestowne Kentowne and Brownestowne
and Fenor Edwd. Wilson
Knockhamon Parrish DS Is: The Barrony of Dulecke in the County
Knockhamon of Meath by Wm Morgan. An exact copy
by Dan.l O Brien surv.or.
Knockhamon Parish Duleeke & Abby Parrishes by Thomas Clarke.
[Knock Hamon [P] An Exact copy by Dan^l O Brien Surv^r
Knock Hamon [P]] [Féach freisin BN agus HD, Goblet:33]
- 11) 1659 Knockamon [P] Census:480
- 12) 1812 Knockcommon Is Larkin
- 13) 1824 Knockmon [P] HCSV:AL, TT *logainm.ie*
Knockmon
- 14) 1826 Knockcommon [P] HC Educ. Rpt. 1826:AL TT *logainm.ie*
- 15) c1830 Parish of Knockcommon BS:AL, TT *logainm.ie*
Knockcommon

16)	1836	Knockcommon [P] ⁵¹	JOD (corr.):AL, TT <i>logainm.ie</i>
17)		Knocmon [P] Knocmon	GJ Rates (Old Docket), TT <i>logainm.ie</i>
18)		Knockcommon [P] Knockcommon	Co. Map:AL, TT <i>logainm.ie</i> Grand Jury Map ex AL na SO/OS Parish Notebooks
19)		Knockcommon [P] Knockcommon	Custom:AL TT <i>logainm.ie</i> = Custom of the country (in the parish)'
20)	1836	Cnoc Comáin 'Coman's hill' Cnoc Comán 'Common's hill' Cnoc Comán [P] Cnoc Cumán [P] 'Commons hill' [gluais: Cnoc Comain Collie Conani Common's hill]	OD:AL 'Name Book. Parish Page', TS/TT <i>logainm.ie</i> OD:AL pl TT <i>logainm.ie</i> pl TS <i>logainm.ie</i>
21)	1838	Cnoc Cuman Teampal cnoc Cuman	Fiachra, TS <i>logainm.ie</i> OSL:140 (TS <i>logainm.ie</i>) <i>ibid</i>
22)	1838	Cnoc Coman [P] Crock comman [P]	Pl: AL TT <i>logainm.ie</i> <i>ibid</i>
23)	1835/6 revised 1899	Knockcommon [P] X 2	Is SO
24)	c 1965	Cnoc Cambán Cnoc Camcan	Fiachra ex Onom 274b, féach (1) thuas
25)	3/8/65	Cnoc Camáin ?	scoil ? Fiachra TS <i>logainm.ie</i>
26)	2009	'nΛk'kəmən	fogharscríobh, Paddy Lenihan
	2014	'nΛk'kəmən	David Kearney
		,nΛk'kəmən	Paul Kerby

Tá an t-ainm *Knockcommon* ar bhaile fearainn agus ar pharóiste araon i mbarúntacht Dhamh Liag Íochtarach i gContae na Mí. Dealraíonn sé ar an gcéad fhéachaint go bhfuil dhá eilimint in *Knockcommon* > *CNOC + CÁILITHEOIR agus tá cnoc thart ar 50 méadar ar airde sa bhaile fearainn de réir imlíne airde atá marcáilte ar léarscáil na SO. Bheifí ag súil le cáilitheoir Gaeilge i ndiaidh na heiliminte CNOC, ach níl cuma na Gaeilge ar *common*, agus tar éis foirmeacha stairiúla an logainm a scrúdú, is féidir a rá

⁵¹ 'Common is a man's name and now a family name synonymous with Crooke'(Nóta OD ar an AL, TS *logainm.ie*)

gur cosúil nach bhfuil baint ag cáilitheoirí na 14ú haoise, na 16ú haoise,⁵² ná na 17ú haoise leis an gcáilitheoir *common* - níl fianaise le fáil ar *common* go dtí an 19ú haois.

Is cosúil gur logainm gaelach atá anseo. Is léir nach raibh scríobhaithe na gcáipéisí Laidine/ Béarla in ann meabhair a bhaint as an logainm, mar go bhfuil go leor foirmeacha mearbhallacha le feiceáil i gcáipéisí na dtréimhsí éagsúla mar a taifeadh thar na céadta bliain iad, agus mar atá soiléir ó na foirmeacha stairiúla atá cruinnithe sa Tábla thuas.

Is í an fhoirm stairiúil is luaithe a bailíodh ná *Cnokcamcan* (1). Tugann sí le fios go leanann eilimint a thosaíonn le *#C- (.i. le [k]) an phríomheilimint CNOC. Má ghlactar leis gur comhshamhláíodh an litir dheireanach *-k#/-c#* den chéad eilimint *Knock-/ Cnock-/ Knoc-* leis an gcéad litir de na cáilitheoirí i bhfoirmeacha stairiúla na 16ú haoise agus na 17ú haoise, agus go bhfeidhmíonn an *-k#/-c#* sin mar thúsleitir an cháilitheora/ na gcáilitheoirí, is féidir na cáilitheoirí stairiúla eile sa Tábla thuas a léamh mar a leanas: *-camcan/ -kamcan* (1), *kamawen* (2), *kamothan* (3), *-[c]amothan/ -[c]amohan* (4), *-[t]amothan*⁵³ / *-[k]nothan / -[k]amothan* (5), *-kmothen/ -kamothan* (6), *-kamyn* (7), *-[c]amothan* (8), *-[k]aman* (9), *-[h]ammon*⁵⁴ (10), *-kamon* (11).

Is í an fhoirm *-common* (12), (14) - (16), (18), (19), (23) foirm sheasmhach na 19ú haoise. Dhealródh sé gur bhain an próiseas *hapology* (cáiliúint siolla) leis na samplaí *Knoc[k]mon* (13), (17) - tá cáilliúnt siolla iomlán le sonrú iontusan – an **com-* de *common* ar lár, más *common* an cáilitheoir a bhí ann sa chéad dul síos.

Maidir le brí na gcáilitheoirí (ag tosú le (2) thuas), is furasta na heilimintí CAM agus ABHAINN (> *-kam -awen*) a shamhlú i bhfianaise *Knockkamawen* (2), an dara sampla a bailíodh. Níl aon doiléireacht ag baint leis an eilimint *-awen/ ABHAINN*, agus ní hamháin go sníonn fo-abhainn de chuid na Bóinne tríd an bhaile fearainn *Knockcommon*, ach sníonn fo-aibhneacha éagsúla trí cheithre bhaile fearainn eile an pharóiste *Knockcommon* .i. trí *Gilltown*, trí *Rathdrinagh*, trí *Newtown* agus trí *Rosnaree* chomh maith, agus iad ar an mbealach chun na Bóinne (cf. Caibidil 1, 2). Dealraíonn sé go bhfuil an dá eilimint CAM agus ABHAINN dlúite le chéile sna foirmeacha (3) - (6),

⁵² Is foirm chorr í *-kamyn* (7) ón 16ú haois - tá siolla ar iarraidh inti.

⁵³ D'fhéadfadh sé gur sciorradh pinn is cúis leis an *-t* atá cosúil le *-k-* nó gur chualthas an fhóinéim /t/ in áit /k/, nach bhfuil eatarthu ach pointe urlabhraíochta éagsúil de réir *Feature Theory* (*et passim*).

⁵⁴ I gcás *Knockhammon* (10), is cosúil gur léigh scríobhaí 'h' in áit 'k'. Chonaiceamar an botún seo cheana sa DS i gcás *Knockharley*, féach *Knockhurley* (5) [70]. Féach freisin go bhfuil an *-h-* seo le fáil ar theideal Is de chuid an DS: *The Parrishes of Knockhammon, Painestown and Kenttowne and Brownestown and Fenor by Edwd Wilson* (*et passim*).

(8) den logainm,⁵⁵ agus gur sciorradh pinn, nó míléamh atá sa *-th-* an Bhéarla ar *-bh-* na Gaeilge sna foirmeacha sin.⁵⁶ Maidir leis an bhfoirm is luaithe a bailíodh *Cnockcamcan/Cnockamcan* (1) as cáipéis a scríobhadh sa bhliain 1306, más CNOC + CAM + ABHAINN atá i gceist léi, chaithfí an siolla deireanach *-can#* a léamh mar sciorradh pinn *c + an* le haghaidh *a + an = *a'an* le *-bh-* báite de *ABHAINN + gin.

Maidir leis an eilimint CAM, deir Ó Maolfabhail:

Is bun-eilimint de chuid na dteangacha Ind-Eorpacha é *cam* atá forleathan agus is dócha go bhfuil sé le fáil i logainmneacha nach mbaineann le réim na Ceiltise. Sa Hiondúis is ionann bunchiall *kam* agus do *cam* na Gaeilge. Sa Ghaeilge is aidiacht é *cam* agus freisin is ainmfhocal é a chiallaíonn ‘cuar’, ‘lúb’, agus fiú amháin ‘rud cam’... Ba é *cambo* foirm na Gaillise ... tá aibhneacha ann ... An Chamlinn/ Camlin river (Lo) agus an Chamóig/ Camac (BÁC). Tá Camlarg ‘cam-learg’ agus Camdhobhráin/ Camghouran ‘cam-dobhrán’ in Albain ... Sa Breatain Bheag tá na haibhneacha Camddwr ‘cam-dobh-ar’ agus Camffrwd ‘cam-sruth ann agus freisin Camros/ Camrose ‘camros’. Tá Camel River ‘cam-poll’ sa Chorn agus tá Cambridge ar an abhainn Cam in Gloucestershire. Dhá shruthán eile is ea Cambeck agus Cambrook ... Sa Bhriotáin tá *Kamm* na Briotánaise in ainmneacha sruthán, leithéid Dourcam ‘dobhar-cam’ agus Camfrouth ‘cam-sruth’, Kamhir ‘cam-síor (sior .i. fada)’ Tá abhainn cham Kamp san Ostair (2005:41-2).

Deir Ó Máille gur

maith atá an focal Ceilteach **Kambios* ‘cam’ ar eolas sa gciall ‘casta, neamhdhíreach’, in áitainmneacha de chuid na hÉireann (1968:69, IV).

⁵⁵ D’fhéadfadh sé gur míléamh *n* le haghaidh *m* atá in *Cnocknothan* (5). Pléifear céad-eilimint an tsampla sin .i. *Cratamothan alias Cnocknothan* (5) ar ball.

⁵⁶ Tá *-k-* agus *-c-* inmhalartaithe, seachas sin is mar seo a mhíneoinn na foirmeacha stairiúla, nár míníodh thuas:

kamawen (2) < *kam + awen = cam abhann* (ginideach de ABHAINN).

-Kamothan (3), (5) *-camothan* (4), (8) < CAM + *othan*; sciorradh pinn (*-th-* in áit *-bh-* nó míléamh de bharr nach bhfuil an cnuasach consan *-bh-* sa Bhéarla) .i. < *cam + *obhan*

-kamothan (6) < *Kam + othen*, mar a chéile le (3), (5) ach go bhfuil malairt ghuta sa siolla deireanach neamhaiceanta.

-cam + ohan (4) > CAM + tras-scríobh foghraíoch ar ghinideach de ABHAINN

Cratamathan (5): *Crat* le haghaidh [kræt] (æ in áit ʌ, [t] in áit [k]# *CNOC [krʌk], *tam* in áit **cam* (pointe urlabhraíochta athruithe - albheolach in áit coguasach (cf. *feature theory*, *passim*) *othan*, sciorradh pinn nó míléamh *-th-* in áit *-bh-*; *othan* in áit **obhan = *abhann*

-knathan (5) *-kn* (an eilimint CAM nach mór cailte anseo – an guta cailte + sciorradh pinn *n* in áit *m*) + *othan* (*th* in áit *bh* go hearráideach <**obhan*) = ABHANN

-kmothen (6) an guta cailte san eilimint CAM + *othan* atá mar a chéile le (3), (4), (5) thuas ach go bhfuil malairt guta sa siolla neamhaiceanta.

Cuireann Joyce an ghluais ‘crooked’ le *cam* agus deir sé:

Its most frequent application is to rivers and glens (*c* 1870: 421).

agus luann sé an abhainn a shníonn tríd An Ómaigh agus trí Thír Eoghain a bhfuil *Camowen* (> *Cam-abhainn* ‘winding river’) mar ainm uirthi (*ibid*).

Tharlódh gur fágadh siolla iomlán na heiliminte ABHAINN ar lár i bhfoirm na 14ú haoise *-comcan/ -kamcan* (1) agus i bhfoirmeacha na 17ú haois *-kaman* (9), (11)⁵⁷ agus gur tháinig an eilimint iomlán nua Bhéarla COMMON chun cinn mar cháilitheoir sa 19ú haois, féach (12), (14) - (16), (18), (19), (23). Fós féin, dealraíonn sé go raibh mearbhall ar scríobhaithe cháipéisí na 19ú haoise, mar chláraigh siad an fhoirm *Knockmon* (13) san aois sin freisin, a bhfuil siolla iomlán eile ar iarraidh le hais bunáite fhoirmeacha na haoise a bhfuil COMMON le feiceáil iontu.

Is iad na foirmeacha – *kamawen* (2) agus *-camohan* (4) na samplaí is gaire don Ghaeilge *camabhainn*. Dealraíonn sé gur éirigh go maith le scríobhaithe na gcáipéisí déileáil le foghraíocht na n-eilimintí CNOC agus CAM agus *Cnokcam-/ Knockam-/ Cracam-/ Knocam-* (1) - (4) á scríobh acu. Maidir leis an eilimint ABHAINN, má bhí sí sa logainm sa 16ú haois, coinníodh déshiollach í, ach is cosúil gur cailleadh siolla di sa 17ú haois. Dealraíonn sé gur cumadh an eilimint Bhéarla COMMON as an méid a bhí fanta di .i. CAM agus an iarsma neamhaiceanta den dara siolla ABHAINN + gin.

→ CAM + *-an/ -en/ -on* → COMMON.

Ar ndóigh is í an eilimint COMMON a sheas mar cháilitheoir na heiliminte CNOC ón 19ú haois go dtí ár linn féin.

B’fhiú aird a tharraingt ar fhoirm den eilimint CNOC atá le fáil in dhá cháipéis éagsúla ó AD 1540 agus AD 1540-41, féach *Cracamothan* (3) agus *Cratamothan* (4) a bhfuil #*Cr-* orthu. Tá na foirmeacha le #*Kn-/ #Cn-* le fáil in éineacht leo sna cáipéisí céanna freisin, féach *Knocamohan* (4) agus an *alias Cnocknothan* (5). Léiríonn an *alias* nach sciarradh pinn is cúis leis an #*Cr-*. Mar sin, caithfidh sé go mbíodh an fhoghraíocht sin i gcanúint na ndaoine sa 16ú haois. Cé gur scríobhadh *Cnoc Coman* (19) i bpeann luaidhe san ainmleabhar thart ar 300 bliain ina dhiaidh sin, cláraíodh an fhoirm *Crock comman* (19) don pharóiste freisin, a thabharfadh le fios go ndeirtí CNOC leis an bhfóinéim /r/ seachas le /n/ sa 19ú haois freisin. Deir Williams:

⁵⁷ *-kaman* (9)/ *kamon* (11) > *kam* + meanchoimriú + deireadh neamhaiceanta de ABHAINN + gin. *-hammon* (11) sciarradh pinn *h* in áit *k* agus eilimint iomlán nua curtha in áit CAM + ABHAINN

Ní chruthaíonn *kn /n/* i logainm mórán uaidh féin. Is comhartha *cr* i logainm ... go raibh an fuaimniú /kr/ le fáil sa Ghaeilge ... Is dócha ... gur le Gaeilge Chonnacht a théadh Gaeilge Laighean maidir le *cn* ag tús focal ... (1994: 471-72, **10.11**).⁵⁸

Maidir leis na moltaí do leaganacha Gaeilge a cuireadh chun cinn sa 19ú haois, chláraigh O’Conor *Cnoc Cuman* (agus *Teampal Cnoc Cuman*) (cf. (21) thuas) agus cláraíodh *Cnoc Comáin/ Cnoc Comán* [P] ‘Com[m]ons hill’ (20), agus *Cnoc Com[m]an* (22)⁵⁹ freisin. Ba é tuairim Uí Dhonnabháin:

Common is a man’s name and now a family name
synonymous with Crooke (AL 1836, TS *logainm.ie*, cf.
(13) thuas),

Ní dócha ámh, gur ‘family name’ a bheadh i gceist leis an gcáilitheoir *commons*, mar is leis an Mumhain agus le Connachta a bhaineann an sloinne sin (MacLysaght [1957] 1985:52-3).⁶⁰ Chláraigh ‘Fiachra’ na SO an obair ó ‘Parish Page’ an ainmleabhair (19), agus scríobh sé an ghluais ‘Collie Conani, Common’s hill’ (20) san 20ú haois, tuairim is 130 bliain ina dhiaidh sin.

Tugann na tagairtí do *Cnoc Cuman* agus *Teampal Cnoc Cuman* (21) in OSL le fios gur smaoinigh O’Conor go bhféadfadh sé gur ainm pearsanta nó ainm naoimh a bheadh sa cháilitheoir. Ar ndóigh, bhí an naomh *Cumman* luaite le háit gar don Bhóinn, agus cur síos uirthi mar dhuine de na

Trí hingena Maine i nAiriud Boinne
(Mart Tall (1931:54, July 6).

Tá *Coman* agus *Comán* luaite ag Ó Muraíle chomh maith (LMG:143-44)⁶¹ agus tá go

⁵⁸ Féach freisin Wagner iii, 1966:377, Point 87 Cnoc: *krək* → hill agus na léarscáileanna in Imleabhar i:1958:110 ‘mná’, *ibid*:132 ‘cnamha’ agus *ibid*:210 ‘cnuimhe’.

⁵⁹ Tugann na foirmeacha sin le fios gur shíl sé gurb é CNOC + EILIMINT (amháin) EILE struchtúr an logainm. Ar ndóigh, tá Cnoc an Choimín/ *Knockacomeen* ar bhaile fearainn i bparóiste Bhaile Bhuirne, Barúntacht Músraí thiar [Co] agus tá Cnoc Comáin/ *Knockcommane* ar bhaile fearainn i bparóiste Choill Bheithne i mBarúntacht *Cois Sléibhe/Coshlea* [Luim] (*logainm.ie* 2013).

⁶⁰ Deir sé: ‘Ó Comáin in Munster, Ó Cuimín in Connacht. Usually called *Commons* in Co Wexford and *Cummins* in Co. Cork. Ó Comáin has become Hurley in some parts of Cos Clare and Cork, due to the mistaken belief that it derives from *camán*, a hurley. Woulfe says it is from *cam*, crooked, which is equally unacceptable’ (*op cit* 1991:52-3).

⁶¹ Tá beirt *Coman* agus 27 *Comán* luaite san innéacs. Is dócha go mba é ‘Coman *saint* s Aodh s Guaire’ an naomh ba ghairde de *Knockcommon*, ach tá limistéar mór fairsing i gceist le hUí Néill an Deiscirt, ar

leor samplaí i bhFéilirí na naomh de dhaoine le hainmneacha cosúla.⁶² Ní fhéadfaí é a chur as an áireamh mar sin, go raibh baint ag an gCuman (18) [? Naomh Cumman] a luaigh Ó Donnabháin le *Knockcommon*.

Tá míniú simplí eile ann maidir le bunús *common* na 19ú haoise: is é sin go mb'fhéidir go raibh talamh *Knockcommon* ag feidhmiú mar choimíneacht do mhuintir na háite ag an am sin.

Mar achoimre, dealraíonn sé go raibh tuiscintí éagsúla ar an logainm *Cnockamcan/ Knockamawen/ Cracamothan/ Knoc[k]amohan/ Cratamothan alias Cnocknothan/ Knokamothan/ Knockamyn/ Knockaman/ Knockhammon/ Knockamon/ Knockcommon/ Knockmon*, ag brath ar an aois ina bhfuil fianaise na bhfoirmeacha éagsúla sin le fáil, agus cuirfear rogha bealaí chun na tuiscintí sin a léiriú faoi bhráid anois:

1. *Cnoc Comáin/ Commain/ Cummain < CNOC + AINM NAOIMH (ón 19ú haois)
2. *Cnoc Coimíneachta < CNOC + Coimíneacht (aischruthú ar 'commonage' bunaithear an eilimint COMMON) (ón 19ú haois)
3. *Cnoc Cam Abhann < CNOC + CAM + ABHAINN + gin. uathu (ón 16ú haois, agus b'fhéidir ón 14ú haois)

agus is é [krak] an chaoi a ndéirte *cnoc* sa 16ú agus sa 19ú haois.

Bheinn in amhras faoi iontaofacht na leaganacha *Cnoc Comáin/ Commain/ Cummain na 19ú haoise, a bhfuil an struchtúr CNOC + AINM NAOIMH orthu, mar is leis na heilimintí TEACH nó DOMHNACH a fhaightear an cáilitheoir AINM NAOIMH nasctha ar cheithre logainmn eile de chuid na leathbharúntachta.

Cuireann *Cnoc Camabhann síos go seoigh ar ghnéithe aiceanta an bhaile fearainn *Knockcommon* mar a bhíodar, agus mar atá, leis na mílte bliain. Sílim go bhfeilfeadh *Cnoc Camabhann mar logainm Gaeilge don pharóiste, mar sníonn fo-aibhneacha de chuid na Bóinne trí chúig cinn de bhailte fearainn pharóiste *Knockcommon*.⁶³

bhain seisean leo – 'most of present-day North Leinster and a small part of north-east Connacht/ south-west Ulster' (*ibid* xii agus 703.1, 2).

⁶² Féach an t-innéacs i Mart Gor (*ibid* :346): *Commán*, 11 iontráil, *Comman mac ua Themhne* ina measc (*ibid* :44 Feb 27). Féach freisin go bhfuil triúr *Commán* luaite i bhFO (*op cit*:413), chomh maith le *Cuman* (*leg. ?Cumán*), beirt *Cummain*, *Cummain Becc* agus *Cumman* (*ibid*:413).

⁶³ Is é *Cullen* an t-aon bhaile fearainn i bparóiste *Knockcommon* nach bhfuil aon fho-abhainn ag sní tríd.

Barúntacht: Damh Liag Íochtarach

Paróiste: Knockcommon

[82] **NEWTOWN** (ainm Gaeilge le deimhniú *logainm.ie*)

***An Baile Nua** (rogha an taighdeora 2014)

- 1) 1537 Newton H VIII 93/58 (c), CI 1991:51-2,
[?] san innéacs:685
- 2) 1540-41 Dromenhall *alias* Newton of IMP 1540-41:219
Knokamothan
- 3) 1540-1 [Newton de] Knockamawen CSL 1540-41:215
- 4) ?c 1581 Newton X 2 Eliz 138/93, CI 1991:253-4
Neweton [?] (**Newton** ag TT *logainm.ie*)
- 5) idir 1603 Newton Inq J 1:AL, TT *logainm.ie*
& 1625
- 6) 1625-49 Newton Inq C I:AL, TT *logainm.ie*
- 7) 1646 Newtown Co. Meath CSPI 1633-47:440
- 8) 1654-7 Newtowne upon Knockaman CS:25
Newtowne X 2 26
Newtown 26
Newtonupon Knockaman 49
- 9) 1654-7 Newtowne [1:2:]6 DS An Index of Townes Names
with the pages where to find them
1654-7 Newtowne DS:AL, TT *logainm.ie*
- 10) 1659 New towne [P Knockamon] Census:480
- 11) [1660-85] Newtowne Inq C II:AL, TT *logainm.ie*
- 13) 1786 [Newton, Rectory of Duleek] Archdall:536 King [*recte* White]: AL
TT *logainm.ie*
- 14) 1812 Newtown Knockcommon Is Larkin
- 15) 1836 Newtown Co. Map:AL Gd Jury Map AL
TT *logainm.ie*
- 16) 1812 Newtown Knockmon HCSV TT *logainm.ie*
- 17) c1830 Newtown BS:AL
TT *logainm.ie*
- 18) 1836 Newtown JOD(corr.):AL TT *logainm.ie*

19)	1836	Newtown	Custom AL TT <i>logainm.ie</i>
20)	1836	new town	OD:AL, TT <i>logainm.ie</i>
21)		Newtown Knockmon	GJ Rates (Old Docket):AL
22)	1838	1836 Baile núadh	OC:AL, TT <i>logainm.ie</i>
23)	1838	Baile nuadh	pl:AL, TT <i>logainm.ie</i>
24)	1835/6 revised 1899	Newtown Ho	Is SO
25)	2010	'nju, t̪əun	fogharscríobh, Paddy Lenihan

Tá 11 baile fearainn a bhfuil *Newtown* mar ainm orthu i gContae na Mí, an *Newtown* i bparóiste *Knockcommon*, barúntacht Dhamh Liag Íochtarach ina measc. Is cosúil gur baile é *Newtown* (1), paróiste *Knockcommon* a bunaíodh sa 16ú haois. Tugadh *Dromenhall* air sa bhliain 1540-41, mar a léiríonn an *alias* i sampla (2) thuas. Chonacthas i gcás an dá *Newtown* i bparóiste Cholptha/ *Colp* agus i bparóiste Dhamh Liag, go ndearnadh cur síos cruinn orthu sna foinsí stairiúla in amanna, agus ar ndóigh, bhíothas cinnte cén *Newtown* a bhí i gceist agus é marcáilte ar léarscáileanna. Bhí an scéal ar an gcaoi chéanna leis an *Newtown* atá faoi chaibidil, féach go bhfuil sé sainithe go maith sna samplaí *Newton of Knokamothan/ Knockamawen* (2), (3), *Newtowne upon Knockaman* (8), *Newtown-Knockcommon* (14), *Newtown Knockmon* (16), (21), *New townne* [i bparóiste *Knockamon*] (10), *Newtown(e)* (8), (11), (12), (15), (17), *new town* (20). Is deacair a bheith cinnte i gcónaí, ámh, cé acu paróiste lena mbaineann cuid de na *Newtown* a luaitear i gcáipéisí áirithe. Tá samplaí eile sa Tábla thuas (tógadh cuid díobh ó bhunachar na SO *logainm.ie*) nach féidir a bheith cinnte an mbaineann siad le *Newtown*, paróiste *Knockcommon*, nó le ceann de na *Newtown* eile atá i leathbharúntacht Dhamh Liag Íochtarach (nó fiú le *Newtown* i bparóiste *Arcath* i nDamh Liag Uachtarach), nó an mbaineann siad le paróiste eile ar fad i gContae na Mí. Maidir le *Newton/ Neweton* (4), tugadh faoi deara go bhfuil trí cinn de *New[e]ton* luaite ansin, idir *Newton*, *Newton of Gyrley & Curraughton*, agus *Henry Plunkett of Newton ... all his lands in Neweton & Dewleke* agus níl sainiú cinnte déanta ach ar *Newton of Gyrley*.

Ba dheacair a rá go cinnte gur bhain *Newton* (5), (6) agus *Newtowne* (11) leis an bparóiste *Knockcommon*. Tógadh na samplaí sin as foinsí na n-ionchúisithe, ach tar éis

dom *Inq Lag* a cheadú, b'fhacthas dom nach raibh sainiú sách maith ar chuid de na háiteanna ainmnithe amhlaidh, le go bhféadfaí a bheith lánchinnte gur bhain siad le *Newtown* amháin seachas le *Newtown* eile.⁶⁴ Maidir le *Newtown* (7), níl de shainiú ar an gceann sin ach *Co. Meath* agus tá comhartha ceiste ag Griffith, eagarthóir CI 1991, san innéacs i gcás *Newton* (1) - is cosúil nach raibh sise cinnte gur bhain an *Newton* sin le Contae na Mí, nó nár bhain. Tugtar faoi deara go raibh *Newton* eile - *Newton called Fitz Gerrod lands* luaite sa cháipéis chéanna, nár bhain le paróiste *Knockcommon*.

Maidir le *Newton* (13) sampla Archdall, ní dócha go mbaineann sé le paróiste *Knockcommon*, mar go bhfuil sé luaite i measc áiteanna eile a bhaineann leis an 'Rectory of Duleek'. Luaigh Archdall *Newtowne* eile (1786:536) a bhain leis an 'Rectory of Hollywood' agus shainigh sé an tríú ceann '*Platten near Newtown*' (*ibid*:538).⁶⁵

Mhol O' Conor *Baile núadh* (22) agus mhol Ó Donnabháin *Baile nuadh* (23) mar leaganacha Gaeilge ar *Newtown* sa 19ú haois. Tagrófar do leaganacha Gaeilge an logainm *Newtown* a bhfuil teacht orthu ón 13ú haois i leith, chomh maith le leaganacha Laidine, Fraincise agus Béarla a scríobhadh i dtréimhsí ama éagsúla i gCaibidil 3, **7.6.1** áit a dhéanfar plé ghinearálta ar fhoirmeacha stairiúla an logainm *Newtown*, mar a fhaightear sna teangacha éagsúla iad.

⁶⁴ Tá *Newton* luaite in dhá cháipéis le hEilís san fhoinsé *Inq Lag*, i naoi gcáipéis le Jac I, i trí cháipéis le Car I agus i gcáipéis amháin le *Tempore Interregni* gan trácht ar *Neweston/ Newston* (Car I, 7 *Inq Lag*).

⁶⁵ Dealraíonn sé go mb'fhéidir gurb é an *Newtown* i bparóiste Dhamh Liag a bhí siar ó dheas ó *Platin* a bhí i gceist ag Archdall agus é ag déanamh tagartha do: 'one close of pasture in the town of *Newtown* on the east side, Carronstown on the south side, and five acres of arable and five of meadow, called the Madlune meadow, in Duleek' (539). Más fíor gurb shin é an *Newtown* a bhí i gceist aige, d'fhéadfadh sé go raibh an baile fearainn *Cruicerath* mar chuid de, sular ainmníodh thart ar an mbliain 1540 é, chomh maith le *Clonlusk* agus *Red Mountain*, nár ainmníodh go dtí an 17ú haois.

[83] RATHDRINAGH

* Ráth Draighneog (moladh an taighdeora 2014)

1)	1540-41	Radrenoghe	IMP 1540-41:219
2)	1541	Radronoghe	IFTS i (Hen VIII):31 F254
3)	1551	Radrenogh	<i>ibid</i> (Ed VI):170 F779
4)	1566	Radenraghe	IFTS ii (Eliz):100 F889
5)	1626	Radrynagh	CI 10/4, CI 1991:411
6)	1628	Radrinagh	Car I 40, Inq Lag
7)	1654-7	Radrina X 4	CS:25, 26 (X 2), 49
8)	1659	Radrynagh	Census:480
		[P Knockamon]	
9)	[1812]	Rathdrino	Co. Map:AL
		Rathdrina	TT <i>logainm.ie</i> grand jury map
	1812	Rathdrina	Is Larkin
10)	1824	Raddrinagh	HCSV:AL, TT <i>logainm.ie</i>
11)	1830	Rathdrina	BS:AL, TS/TT <i>logainm.ie</i>
12)	1830-40	Rathdrinagh	JOD:AL, TT <i>logainm.ie</i>
13)		Raddrinagh	GJ Rates (Old Docket):AL TT <i>logainm.ie</i>
14)	1838	Rath draoigheanach	pl:AL
		'rath of the sloe bushes, or black thorns' ⁶⁶	OD TS/TT <i>logainm.ie</i>
15)	1/3/1978	Ráth Draighneach	R/A 13.78 TT <i>logainm.ie</i>
16)	2014	' rað 'dr əina	fogharscríobh, Paul Kerby

Is i bparóiste *Knockcommon* i mbarúntacht Damh Liag, Contae na Mí atá an baile fearainn *Rathdrinagh*. Is cosúil le *logainm* dhá mhíre é agus gurb é RÁTH a phríomheilimint. Is faoi stuchtúr na Gaeilge atá sé.⁶⁷ Níl sé soiléir cén cáilitheoir atá

⁶⁶ **draignén** o m 'a small thorn tree' (DIL); **draighean** 'a blackthorn, a sloe-tree' (Dinneen 1923:362). **draighneach** (aid) 'thorny, spiny, full of sloe bushes' (*ibid*). **draighneán (donn)** 'blackthorn' (FGB:441). [**sceach (gheal)** 'whitethorn' (*ibid*:1046)].

⁶⁷As na cúig bhaile fearainn i leathbharúntacht Dhamh Liag Íochtarach, a bhfuil RÁTH mar eilimint iontu, tá *Rathmullan* agus *Rathdrinagh* faoi struchtúr na Gaeilge, agus tá *Cruicerath*, *Balrath* agus

aige. D'fhéadfadh sé go dtosaíonn an cáilitheoir le #*d*- nó le #*r*-. Pléifear na féidearthachtaí éagsúla thíos. Cuirfear i gcás gurb í #*d*- túslitir an cháilitheora mar urthosach.

Má tá consain dheiridh *-th* de *Ráth* comhshamlaithe le túsconsan na dara heiliminte *d*-, d'fhéadfaí foirmeacha an cháilitheora a léamh mar a leanas: *-drenoghe* (1), *-dronoghe* (2), *-drenogh* (3), *-denraghe* (4),⁶⁸ *-drynagh* (5), (7), *-drinagh* (6), (10), (12), (13), *-drino* (8) agus *-drina* (7), (9), (11). Tá an chéad ghuta in *-dronoghe* (2) corr leis an gcuid eile de na samplaí thuasluaite – d'fhéadfadh sé gur míléamh nó sciorradh pinn is cúis leis sin. Is cosúil go dtaispeánann na foirmeacha eile (3) – (12) gur ardaíodh an guta ó *-e-* go *-y-/ -i-* (de bharr athruithe i bhfoghraíocht an Bhéarla, is dócha).⁶⁹ D'fhéadfadh sé go dtasipeánann *-drino* (9), *-drina* (7), (9), (11) nach ndeirte an consan coguasach cuimilteach [x] ag deireadh na heiliminte ón am a cláraíodh *-drina* sa CS i lár na 17ú haoise.

Chuir Ó Donnabháin an leagan Gaeilge *Rath draoigheanach* (14) ar *Rathdrinagh* sa 19ú haois. Is cosúil gur bhunaigh sé an cáilitheoir ar an múnla

DRAIGHEAN + an iarmhír ACH, (cf. Joyce *c*1870:3-4, Ó Máille 1987:28).

Ar ndóigh is eilimint an-choitianta i logainmneacha í DRAIGHEAN a fhaightear as féin go minic, nó a nasctar leis na hiarmhíreanna *ÁN* nó *ACH/ AIGH* agus bíonn sí mar cháilitheoir na heiliminte *ACHADH* in amanna freisin. Tá raidhse samplaí le fáil i measc logainmneacha na tíre a léiríonn an chaoi ar sáraíodh deacrachtaí bainteach le DRAIGHEAN a chlárú san ortagraifíocht Bhéarla, féach:

Dreen, Drain[s] < DRAIGHEAN [+ s an Bhéarla]

Dreenan, Drinane, Drinaun < DRAIGHEAN + iarmhír *ÁN*
(Joyce 1969:518),

chomh maith leis na samplaí *Dreenagh, Drinagh, Driny* a d'fhéadfadh a bheith scríofa

DRAIGHEAN + iarmhír *ACH/ AIGH* (*ibid.*)⁷⁰

Chinn lucht na SO ar mheánchoimriú a dhéanamh ar fhoirm Uí Dhonnabháin sa bhliain 1978 agus athchóiríodh *Rath draoigheanach* mar *Ráth Draighneach* (15).

Tuiterath faoi struchtúr an Bhéarla. Pléifear struchtúr na logainmneacha a bhfuil *RÁTH* iontu i gCaibidil 3, 2.2.

⁶⁸ Tá an sampla seo (as cáipéis de chuid Eilíse) corr leis an gcuid eile de na samplaí a bailíodh.

⁶⁹ Féach (Dobson 1968:765 §225).

⁷⁰ Féach freisin *Drean* [DG] Joyce 1913:310

Tá na leaganacha stairiúla is luaithe ón 16ú haoise ag teacht salach ar an léirmhíniú seo ámh,⁷¹ mar go gcríochnaíonn siadsan in *-ogh[e]* seachas in ACH, cf. *Radrenoghe* (1), (3) agus *Radronoghe* (2). Chonacthas an iarmhír *-óg#* cheana (a tugadh isteach sa Ghaeilge ón mBreatnais (GOI *passim*) a bhfuil an chiall ‘beag’ léi i gcás an logainm *Sneeoge* [55]. Tharlódh gur díorthaíodh *Radrenoghe* ó

RÁTH + DRAIGHEAN + meánchoimriú ar an siolla neamhaiceanta + -ÓG
 → *Ráth Draighneog nó *Radrenoghe* (1), (3)

mar a scríobhadh sna samplaí is luaithe a bailíodh.

Tá féidearthacht eile ann. Cuir i gcás, nach *#dr-* túslitir an cháilitheora, ach go nglóraítear an *-th#* de RÁTH agus go scríobhtar *-d* i dtimpeallacht *#r-*. Is *#r-* a bheadh mar thúslitir an cháilitheora sa chás sin. Más ea, is í *renogh[e]* foirm an cháilitheora agus caithfear cáilitheoir ar fad eile a thóraíocht do *Radrenogh[e]*/ (1), (3), *Radronoghe* (2).

D’fheilfeadh an struchtúr RÁTH + SLOINNE do *Radrenoghe* srl > RÁTH + *renogh[e]*. De réir Woulfe, bhí an sloinne *Raghnóid* > *Reynaud*, *Reynott*, *Reynolds* srl i mBaile Átha Cliath ag deireadh na 13ú haoise (1923:663).⁷² Ní fios ar leathnaigh muintir *Raghnóid* go Damh Liag, agus is deacair é a fhiosrú - níl taifead *Census 1901* ná *Census 1911* ar mhuintir an pharóiste *Knockcommon* ar marthain, agus dá bharr sin is deacair teacht ar shloinne na ndaoine áitiúla sna blianta sin. Tá tagairt luath [ón mbliain 1356] le fáil do

Reynoldestoun in Drogheda on the side of Uriel (CGR:75 f 93)⁷³

ámh, ní a thaispeánann go raibh muintir *Reynold* gar go maith do pharóiste *Knockcommon* sa 14ú haois agus luaitear *Reynalds towne* paróiste *Maine, Lowth County* san fhoinsé sin freisin (*ibid*:469).

Is é an sloinne is gaire do *-renoghe* (1) - (3) sa Tábla thuas, ná *Reynaud* (Reaney & Wilson 1958 (1976):293)⁷⁴ ina bhféadfadh mearbhall a bheith déanta idir *-aud#* na Frainisce agus *-oghe* > *-óg#* na Gaeilge – tá na gutaí mar a chéile sa dá theanga, ach, an

⁷¹.i. gur RÁTH + DRAIGHEAN + ACH bunús an logainm.

⁷² Maidir leis an sloinne gaelach *Mac Raghnaill*, deir Woulfe gur bhain daoine den sloinne sin le ‘the same stock as the O’Farrell who were chiefs of Muinntear Eolais... South Leitrim’. Deir sé go mbíodh na sloinne Albanacha *Rághnaill* agus *Mac Raonaill* ann freisin (*ibid*:401)

⁷³ *Uriel* = Oirgialla. Bhí duine leis an ainm cosúil *Robert Reyner* i bparóiste *Brownstown* i mbarúntacht *Duleek* de réir *Census 1659* (*Census*:480).

⁷⁴ cf. *Reynold*, *Reynolds*, *Reynalds*, *Reynell*, *Renaud*, *Renault*, *Renals*, *Rennell*, *Rennels*, *Rennoll* (*op cit*).

dócha go meascafaí na consain dheiridh *-d#* agus *-g#* sa chaint chun **Ráth Reynau**g (> *Reynaud* ‘Reynaud’s Rath’) agus go mbeadh an logainm faoin struchtúr RÁTH + SLOINNE?⁷⁵

Bíodh sin mar atá, an bhféadfadh sé go raibh draighean fásta timpeall ar an áit faoin 17ú haois agus an bhféadfadh sé go ndeachaigh an logainm faoi anáil an fhocail Gaeilge *draighean*, agus gur glacadh le DRAIGHEAN + ACH mar cháilitheoir dá bharr?⁷⁶

Mar achoimre, níor taifeadadh *Rathdrinagh* go dtí an 16ú haois agus is iad na foirmeacha *Radrenogh[e/ Radronoghe* na foirmeacha is luaithe a frítheadh don staidéar seo. D’fhéadfadh sé go bhfuil an logainm bunaithe ar an struchtúr

(i) RÁTH + DRAIGHEAN + meánchoimriú + -ÓG, (cf. *Sneeoge* [55])

→ **Ráth Draighneog*

‘The little Blackthorn Rath’

D’fhéadfadh sé gur athraigh an logainm sa 17ú haois go *Radrynagh* mar a leanas:

(ii) RATH + DRAIGHEAN + -ACH, iarmhír na haidiachta

→ **Ráth Draighneach* ‘The Thorny Rath’.

Is le *-oghe-/ -o* a fhaightear dara siolla an logainm scríofa i dtrí cinn as ceithre fhoinsé de chuid na 16ú haoise, ámh. Mar sin, tharlódh go bhfeilfeadh réiteach (i) thuasluaite níos fearr do na foirmeacha stairiúla is sine a bailíodh don logainm seo; is é sin go bhféadfadh sé gurb é **Ráth Draighneog* bunús *Radrenogh[e/ Radronoghe*, seachas **Ráth Draigheach*, mar a tugadh air go hiartheachtach.

⁷⁵ Sílim go mbeadh níos mó seans go ndéanfaí ‘fronting’ ar an gconsan seachas leas a bhaint as an gcoguas chun é a fhuaimniú.

⁷⁶ B’fhurasta anailís ar dhéanamh ar an mbanc síolta a bheadh caomhnaithe sa chre le feiceáil an mbíodh draighean ag fás sa bhaile fearainn, agus má bhí, cén uair a raibh sé ann.

[84] ROSSNAREE

*Ros na Rí (ainm neamhdheimhniithe *logainm.ie*, moladh an taighdeora 2014)

1)	c 1150	Ruis na Ríg (gin) Ros na Ríg (tabh) Ruiss na Ríg (gin) Ross na Ríg (tabh)	LL <i>f.</i> 171, CRRB ⁷⁷ 28 §20; 30 §22; 32 §23.
2)	14ú/ 15ú aois	[do] Rosaigh na Ríogh	Ag na S ii1942:28 ⁷⁸
3)	14ú/ 15ú aois	[acc] Ross na Ríogh	Ag na S i 1942:142
4)	c12ú haois	[ic] Ros na Ríg	LL, Brug I, Met Dind II:1903:14, 60 ⁷⁹
5)	c16ú/17ú haois	[cath] Ruis na Rígh (<i>sic</i>)	Lind Féic, Stowe D. II. 2, Met Dind IV:296
6)	1253	Rosmaring'	CDI 1252- 1284:26, 171
7)	1527	Rossynry	H VIII 35/87, CI 1991: 20
8)	1537	Rossynry <i>alias</i> Rosynry	Hen VIII 97/117, <i>ibid</i> 53
9)	1541	Rosnyry Rossynry	IFTS i (Hen VIII):30-1 F254
10)	1551	Rossenry Rossenry	<i>ibid</i> (Ed VI): 170-71, F779
11)	1566	Rossynry	IFTS ii (Eliz):100 F889
12)	1628	Rosnery	Car I 40 Inq Lag
13)	1633	Ros na Ríogh Ros na Ríogh	FFÉ ii: 346 348

⁷⁷Is é LL an lámhscríbhinn is luaithe a cheadaigh Hogan don téacs seo agus cheadaigh sé dhá lámhscríbhinn de chuid Colgan a scríobhadh roimh AD 1650, chomh maith le Egerton 106 Ms 23k 37 a scríobhadh roimh AD 1715, Stowe E.iv 3, a scríobhadh roimh AD 1727 agus Ms Maynooth a scríobhadh roimh AD 1795 (CRRB:vii).

⁷⁸Luann an t-eagarthóir Ní Shéaghdha RIA 24P5, 23L22, 'Is an Chraoibhín', LN 126, 124, Stowe FV2, chomh maith le Laud 610, A IV (17ú haois), Leabhar Leasa Mhóir (15ú haois), Rawl B 487, LN 119, 125, 161, Egerton 211, Add.18949, Kings Inn's 7, TCD H.54, agus lámhscríbhinní de chuid na 18ú agus na 19ú haoise RIA 13 H 5, 23 H 6, 23 C 23, F Iv 4, 24 C 6, 24 C 12, F V 2 srl, i measc na lámhscríbhinní a bhfuil leaganacha d'Agallamh na Seanórachle fáil iontu (*op cit*:xix-xxii, xi-xiv).

⁷⁹Cheadaigh Gwynn thart ar 17 lámhscríbhinn don eagrán seo: LL (c1160), LU (12ú haois, roimh AD 1106), R = Rennes (14ú nó 15ú haois), BB (c AD 1400 (nó AD 1407 de réir Kathleen Mulchrone (Bk of Lecan 1939: Foreward), YBL (AD 1391-1401? 'the script seems to belong to the 15th century' (*op cit* V 1935:6), TCD H.3.3 (c AD 1560) M = Bk of Uí Maine (AD 1394), RIA Stowe D. II.2. (16ú haois, ? roimh AD 1573, féach ARÉ), RIA Stowe RIA B. II. 2. (14ú haois, 'not later than the fifteenth century), RIA Stowe B. III. 1. (AD 1654). Luann Gwynn ceithre lámhscríbhinn eile a bhfuil 'small groups of poems belonging in the main to the second recension' iontu; is iad sin E.4.1 (14ú nó 15ú haois), Stowe D. IV. 2 (c 15ú haois), TCD H.1.12 (cóip de E.4.1) agus RIA 23. N. 11 (gan dáta luaite) RIA Reeves 832 (gan dáta luaite) (*op.cit.* V 1935:3-11).

14)	1633	Ros na Ríogh	FFÉ iii:262
15)	1654-7	Rossenry X 6	CS:25, 26 (X 4), 49
16)	1659	Resneree [P Knockamon]	Census:480
17)	1812	Rosnaree X 2	Is Larkin
18)	1812	Rosnaree	Co map TS <i>logainm.ie</i>
19)	1824	Rossenra	HCSV:AL TT <i>logainm.ie</i>
20)	1829	Rossenra	BS:AL 38 ⁸⁰
21)	1836	Ros na rígh	OC:AL
22)	1836	Ros na rígh	pl:AL, TT <i>logainm.ie</i>
23)	1836	Ros na Ríogh 'wood of the kings'	OD:AL, TT <i>logainm.ie</i>
24)	1969	Ros na Rí	S. mac an Tánaiste, TS <i>logainm.ie</i>
25)	1812	Rosnaree	[grand jury] Co map, TS [TT] <i>logainm.ie</i>
26)	1824	Rossenra	HCSV:AL, TT <i>logainm.ie</i>
27)	1829	Rossenra	BS:AL, TS <i>logainm.ie</i> c 1830 TT <i>logainm.ie</i>
28)	1836	Rossnaree	proprietor [Thos.] Johnston:AL, TS/[TT] <i>logainm.ie</i>
29)		Rossenra	GJ Rates (Old Docket):AL TT <i>logainm.ie</i>
30)	1830-40	Rossnaree	JOD:AL, TT <i>logainm.ie</i>
	1835/6 revised 1899	Rossnaree	Is SO
	2012	,rɔsna' ri:	fogharscríobh, Grace Larkin

Is *logainm* seanbhunaithe Gaelach é *Rosnaree* atá ar bhaile fearainn i bparóiste *Knockcommon* i mbarúntacht Dhamh Liag Íochtarach, Contae na Mí. Is mar a leanas a cuireadh síos ar *Rosnaree* nó 'Ross na Ríogh' in *Agallamh na Seanórach*:

'Teaghlach mór do bhoí acc Corbmac ua Cuinn', ol Oisín, '7 ní raibhe neach ann acht mac ríogh nó ríogh-dhamhna. Trí thríocha a líon, 7 acc *Ros na Ríogh* no bhíttís frí Theamhraigh attuaidh.'

'Créd an ross sin, a Oisín?' ol Pádraig.

'Ross coilleadh' ol Oisín, ina mbíodh gach cinél énlaithe ag cantain ciúil in chaomh-uachtar, 7 ríogh-bhruighean ann ag an tteaghlach ttoghtha sin Chorbmaic uí Chuínnn ... (3).

⁸⁰ c1830 ar TT *logainm.ie* 2010.

Luaitear arís in *Agallamh na Seanórach* é agus Fearghaire ag cur síos ar thóraíocht aighe, agus ar an gcúrsa a thóg an damh nuair a bhí Caoilte á leanúint:

Ghabhus an agh d'Áth an Éin-fhir áit a mbaoi Mic Con
agá leighios, do *Rosaigh na Ríogh*, do (2).

Is é sin an t-aon sampla a bailíodh as na foinsí Gaeilge a bhfuil *Rosaigh* < ROS + ACH, sa tuiseal tabharthach, mar mhalairt phríomheiliminte ar *Ros*.

Tá an logainm luaite sa scéal ‘Cath Ruis na Ríg for Bóinn’ (CRRB) freisin, a bhaineann le cath a tharla idir na Connachtaigh agus na hUltaigh i ndiaidh TBC. Tá an scéal CRRB le fáil i sé cinn de lámhscríbhinní a scríobhadh sa 12ú haois, sa 17ú haois agus san 18ú haois.⁸¹ Ní amháin go bhfuil an logainm i dteideal an scéil - ‘Incipit Cath Ruis na Rí (1), ach luaitear trí huair é idir phrós agus fhilíocht, féach:

§20 ... ‘ cáit i ngabai-siu sossad 7 mór-longphort innocht?’
‘*Ir-Ros na Ríg* ás Bóind ban-sholus,’ bar Conchobar.
(CRRB:28, (1) sa Tábla thuas).

§22 Da torset meicc Magach
in sluag brotla bágach,
bud croderg al-lamach
i cath *Ruiss na Ríg*. (*ibid*:30, (1) sa Tábla thuas).

§23 [Fiafraíonn Ailill de Chonchubhar] ‘Cid in dirram slóig móir
ro-fail i tegaid, 7 cid ass áil latt dol?’ ‘*Cor-Ross na Ríg* as
Bóind ban-sholus and-so,’ bar Conchobar.
(*ibid*:32, (1) sa Tábla thuas).

Tá tuairisc ar bhá Fhéic mhic Follamhain mac Conchobair i gcomhthéacs chatha *Ruis na Righ* sa *Dinnsheanchas*:

Lind Féic, cidh diatá? Ní ansa. Féc mac Follamhain mac
Conchobair dorochair ann for cath *Ruis na Righ* .i. badhugh
andsin ... (Met Dind IV:296, (5) sa Tábla thuas).

Insíonn Céitinn an scéal faoin gcaoi ar bhain ‘sruth na Bóinne’ corp Chormaic mhic Airt óna mhuintir agus iad i mbun a shochraide, faoin gcaoi ar scar an corp ‘ris an gcróchar’.

⁸¹ Is é LL an lámhscríbhinn is luaithe díbh sin agus cheadaigh Hogan dhá lámhscríbhinn de chuid Colgan a scríobhadh roimh AD 1650, chomh maith le Egerton 106 Ms 23k 37 a scríobhadh roimh AD 1715, Stowe E.iv 3, a scríobhadh roimh AD 1727 agus Ms Maynooth a scríobhadh roimh AD 1795 (CRRB:vii).

Deir sé gur caoineadh Cormac ag Áth Fuaid agus gur adhlacadh ag *Ros na Ríogh* é (FFÉ ii: 346, 348, (13) sa Tábla thuas).

Ar ndóigh tá insint eile ar shochraid Chormac mhic Airt san fhilíocht shiollabach agus trá *Ros na Ríg* á lua leis:

Rogab fos ós Boind báin
forsintraig ic *Ros na Ríg* (4) sa Tábla thuas).

Thrácht Céitinn ar an rí cáiliúil Briain Bórmha, a bhuaigh ar na Lochlannaigh, agus luaigh sé *Ros na Ríogh* (14) i measc go leor dúnta, insí srl ‘do chumhduigheadh leis’, .i le Briain Bórmha.

Baineann na téacsanna stairiúla thuasluaite le tréimhsí ama ón 12ú haois go dtí an 17ú haois agus rinneadh cóipeanna díobh sna haoiseanna ina dhiaidh sin. Cheadaigh Ní Shéaghdha sé cinn de lámhscríbhinní agus eagrán d’*Agallamh na Seanórach* á réiteach aici agus luann sí os cionn 11 lámhscríbhinn eile a bhfuil leaganacha éagsúla an téacs iontusan. Luann Gwynn tuairim is 17 lámhscríbhinn a scríobhadh idir an 12ú haois agus an 18ú haois, a bhfuil téacsanna an Dinnsheanchais iontu (idir fhilíocht agus phrós) a cheadaigh sé agus é ag cur an *Metrical Dinnseanchas* in eagar (Met Dind i 1906:vi). Maidir le FFÉ; rinneadh 12 cóip de sa 17ú haois de réir Dinneen, gan trácht ar chóipeanna na 18ú haoise agus na 19ú haoise (FFÉ i 1908: xiii). Luaitear anseo an líon mór lámhscríbhinní a cheadaigh Ní Shéaghdha, Gwynn agus iad siúd a shíolraigh as FFÉ, ar mhaithe le fad an tréimhse ama a chur in iúl ina raibh an logainm *Ros[s]/ Rosaigh na Ríogh/ Ríg[h]/ Rígh*⁸² á thairfead arís agus arís eile sna foinsí dúchasacha éagsúla. Is léir go bhfuil an logainm sin mar bhuanchuid de thraidisiún liteartha na nGael, agus mar sin, ní raibh aon deacracht ag O’Conor ná ag Ó Donnabháin sa 19ú haois, na foirmeacha *Ros na rígh* (21), *Ros na rígh* (22) agus *Ros na Ríogh* (23) faoi seach a thairfead. Is é *Ros na Rí* (24) leagan na 20ú haoise

Is focal de thamhan coguasach é *rí* (GOI:202 §318), agus bhí an fhoirm *ríg* air sa ghinideach iolra sa Mheán-Ghaeilge (McCone 1994:112, 17.3; Breatnach 1994:248, 5.11), agus *ríogh* sa Nua-Ghaeilge Chlasaiceach (McManus 1994:376, 4. 18). Tá foirmeacha éagsúla iolra de le fáil de sa Ghaeilge chomhaimseartha. Is iad sin *rítthe* (CO) (FGB), *rithe/ rite* (M) (Ua Súilleabháin 1994:497, 3.22), *rití* (C) (Ó hUiginn 1994:572, 3.27), *ríoghthacha*, *ríoghthaí*, *ríoghannaí* (U) (Hughes 1994:636, 5.16 (g)), nach n-athraíonn a gcruth sa tuiseal ginideach iolra, de bharr gur tréaniolraí iad. Tá na

⁸² Is sa tuiseal tabharthach agus sa tuiseal ginideach a fhaightear an logainm sna téacsanna Gaeilge.

seanfhoirmeacha *ríg/ rígh/ righ/ ríogh* (tuiseal ginideach iolra den fhocal *rí*) le fáil i ngach sampla den logainm ón 12ú haois go dtí an 19ú haois, féach (1) - (5), (13), (14), (21), (22), (23).

Is í *Rosmaring*' (6) an chéad fhoirm a thairfead na coilínigh sa 13ú haois, a thaispeánann *-ng#*, agus an chosúlacht air go bhfuil comhshamlú déanta idir fóinéim choitianta [ŋ] an Bhéarla a bhíonn i ndeireadh focail agus *-gh#* na Gaeilge (an tseantuisil ghinidigh iolra den focal 'rí').⁸³ Faoin 16ú haois, ní raibh ach meititéis déanta leis an alt a nascann *Ros* agus *Rí*, féach *Ros(s)ynry* (7), (8), (10), (11). Scíobhadh *Ros(s)nyry* (9) sa 16ú haois freisin, agus *Resneree* (16) sa 17ú haois. Is iad *Rossenra* (18), (19), (26), (27), (29) le meititéis, agus *Ros(s)naree* (17), (25), (28), (30) foirmeacha Galldaithe na 19ú haoise. Is beag an difear atá le sonrú idir na samplaí éagsúla Galldaithe ina dhiaidh sin.

Ciallaíonn *ros* (o-stem firinsneach) 'coill' agus de réir DIL, tá sé coitianta i logainmneacha 'either alone, or followed by a genitive' (*op cit*:97-8). Sainíonn Mac Giolla Easpaig suíomhanna *ros* i logainmneacha:

Ros ... is usually explained as 'wood' or '(wooded) promontory'. These meanings however are secondary. The original meaning of ros was any kind of elevated area of land such as a hill or plateau, which is the usual meaning of its cognates. ... Judging from its distribution pattern, the most frequent meaning of ros in placenames appears to be 'promontory' (op cit 1981:154-55).

Cuireann Ó Maolfabhail in iúl dúinn go meastar go bhfuil an bunús céanna ag *ros* na Ceiltise agus atá ag *rostrum* na Laidine agus gurb í an bhunchiall atá leis ná 'starr' nó 'gob' a sheasann amach chun tosaigh (*op cit* 2005:91). Agus is léir gur shnoigh an Bhóinn iorras beag thimpeall ar leathinis *Rosnaree*/*Ros* na Ríogh, agus í ag sreabhadh ó thuaidh ar dtús, soir ansin, ó dheas ina dhiaidh sin, sula gcasann sí soir in athuair, agus í ag sní chun na farraige. Luann Mac Giolla Easpaig roinnt samplaí a mbíonn *ros* ar an dara heilimint iontu (i logainmneacha luath)⁸⁴ ach is logainm den struchtúr ROS + alt (gin. Iolra) + RÍ (gin. Iolra) é *Rossnaree*. Is cosúil, ámh, nárbh shin é an t-ainm a bhí ar an áit níos luaithe i stair na háite. Is cosúil go mbíodh *Cloni-fínchoil* – *Cluain finnchoill* mar logainm ar *Rosnaree* circa an 8ú haois, agus gur tugadh *Easgar Brannain* air ina

⁸³ Is dócha gur ar analach le focail eile dar críoch *-ing#* sa Bhéarla a scríobhadh an fhoirm sin.

⁸⁴ Féach *Eachros, Damhros, Brocros, Dealgros, Gallros, Cnámhros, Mucros, Torcros, Luachros, Maghros, Airgeadros, Breaghros*. Is logainmneacha luath iad seo (Mac Giolla Easpaig 1981:155).

dhiaidh sin. Is cosúil gurb é *Ros na Ríg* an tríú hainm a tugadh air (Reeves 1857:235, fonóta a).⁸⁵

Maidir le haois a chur ar an logainm, is fiú a bhfuil ráite ag Toner a lua, agus é ag plé an ailt i logainmneacha AI:

We can be certain that the article began to appear in place-names by 1092 Grabowski and Dumville have demonstrated that the Annals of Ulster and a group of Clonmacnoise-based annals [ATigh [= Ann Tig], Chron Scot including the Annals of Inisfallen are based on a common source up to 911, after which they diverge... so it follows that any names which they hold in common must belong to the period before 911 ... Further evidence for its [the definite article] use as early as 911 is provided by a comparison of the Annals of Ulster and the Clonmacnoise group of Annals. Linguistic evidence ... suggest[s] a slightly earlier date... the feature already had a reasonably wide distribution as early as 911 (Toner 1999:12, 14-5, 23).⁸⁶

Is é an struchtúr atá sa logainm *Rosnaree*/Ros na Ríogh ná:

AINMFHOCAL + alt (gin) + AINMFHOCAL (gin)

mar sin, cé go bhfuil fianaise dearfa againn ar *Ruis na Ríg* in LL c 1150 (1), tharlódh gur cumadh an logainm san 11ú haois, nó fiú sa 10ú haois.

Bhí *Ros na Ríogh* eile i gContae Aontroma. Tras-scríobhann Reeves:

Giallas Aodhán mac Gabhann ri Albain do
Bhaodan mac Cairil i Ros na Ríogh a Semhne (1857:373)

agus deir sé ‘Semhne is now Island Magee near Larne...’ (*ibid*:374, fonóta k).

Mar chríoch, is logainm stairiúil dúchasach é Ros na Ríogh/ *Ros na Rí, paróiste *Chnoc Camabhann/ *Knockcommon* atá luaite go minic i litríocht na Gaeilge.

⁸⁵ Aistríonn Reeves: *Cloni-finchoil* – *Cluain finnchoill* ‘Meadow of the White-hazel’. Deir sé ‘... In an ancient Irish tale called *Cathreim Dathi Mic Fiachrach* mention is made of *Ros-na Riogh* ... Rossnarea, a tnlid on the Boyne in the parish of Knockcommon ... and it is added: *Ros Fionnchuill* a ced ainm, agus *Easgar Brannain* a h-ainm anois, o Brannán an file. Ocus adbert an laoi: Ros-Fionnchuill Chluana Díothrach/A m-bidis maca agus milchoin/badh fidh diamhair, rioghdha arath/ D’fhiaghach Dathi mic-Fiachrach/Béibhionn ingen Briain na m-breath/Mathair Dathi mic Fiachrach/Isi mar do chualasa abhus/Ro ghabh na Cluana um chaomh Rus./Esgir Brannain mic Eochaidh/Adhnacht Cuinn ced/bud doire diamhair go se/D’fhiagach Fionnchuill cloinne Diothraigh’ (*op cit*).

Tagraíonn Reeves do *Ros-na righ* i gcomhthéacs eile freisin, féach ‘... as in the *Naemhsenchus*, *Fintan* and *Maeldubh* of *Leitir-Maelduibh* at *Ros-na-rig*.’ (Lib Lecan.) And the life of St Finnian states that previously ... he founded a church at *Escar-Brannain* which ... was anciently called *Ros-Finchoill* – [Colgan] cap. 16 (Act SS p 394 b)’ (*op cit*).

⁸⁶ Chríochnaigh príomhscríobhaí AI a chuid oibre sa bhliain 1092. Scríobh sé tuairim is leath AI (Toner 1999:11).

[85] DOLLARDSTOWN

*Baile an Dolardaigh (ainm neamhdheimhniú *logainm.ie*)

***Baile Dhollaird** (rogha an taighdeora 2014)

- | | | | |
|-----|---------|--|--|
| 1) | 1211-13 | villa Pagani Dullard | XLVIII, ICL: 61
(Aistrithe ag AH 2008:270-71) |
| 2) | 1308 | Payneston Dullard X 4 | CJR 1308-1314:33 ⁸⁷ |
| 3) | 1529 | Dullardeston | Hen VIII 48/90, CI 1991:27 |
| 4) | 1529 | Dullardeston | Hen VIII 49/91 <i>ibid</i> :28 |
| 5) | 1535 | Dunllardeston (<i>sic</i>) | Hen VIII 71/105 <i>ibid</i> :41 |
| 6) | 1535 | Dullardeston
[manor of] Dullardeston,
co. Meath | Hen VIII 78/110 <i>ibid</i> :45 |
| 7) | [1535] | Dullardeston | Thact of atteyndor, SRPI Rich III –Hen VIII:152 |
| 8) | 1537 | Dullardeston | Hen VIII 97/117 <i>ibid</i> :53-4 |
| 9) | 1538 | Dullardeston | Hen VIII 119/125 <i>ibid</i> :65 |
| | | Dullardeston | Hen VIII 122/122 <i>ibid</i> :67 |
| 10) | 1538-9 | [Manor or Lordship of]
Dullardeston
[the castle and watermill
of] Dullardeston
[tenements and
hereditaments in]
Dullardeston
Dullardeston | C PCI R i Hen VIII:37, 21 |
| 11) | 1560 | Dullardstown | CSPI 1509-1573:161, 37 |
| 12) | 1560 | Dullardeston | C PCI R i Eliz:452, 120 |
| 13) | 1562 | Dollardstone | CSPI 1509-1573:194, 8 II |
| 14) | 1563 | Dullardestowne | <i>ibid</i> :228, 79 |
| 15) | 1566-7 | Dullardston | Eliz 38/26 CI 1990:187 |
| 16) | 1569 | Dullardeston | C PCI R i Eliz:531, 22 |
| 17) | 1571 | Dullardeston | Eliz 65/45 CI 1990:203 |

⁸⁷ = Dollardstown, P. Painestown, B. Duleek Lr., Co. Meath (innéacs CJI 1308-14:384). Tharlódh gur *Dollardstown* atá i gceist le *Payneston Dullarde* agus le *Dullardeston* a scríobhadh sa bhliain 1537 (CI 1991:54, 97/117), chomh maith le *Payneston Dullarde* a scríobhadh faoi dhó sa bhliain 1541 ina dhiaidh sin (*ibid*:87, 129/127 agus *ibid*:141/132).

18)	1574	Dullardeston	Eliz 69/49 (1) <i>ibid</i> :217, fonóta (1)
19)	1579	Dullardeston	Eliz 124/87 <i>ibid</i> :245
20)	1587	Dullardstone x 2	Eliz 180/119 (2) <i>ibid</i> :269, fonóta (2), (D & W, RC 10/3, p.251)
21)	1589	Dullarstone Dullardstone x 4 Dullarstowne x 2	Eliz 191/123 <i>ibid</i> :276 <i>Féach freisin fonóta (3):</i> D & W, RC 10/3, p.265.
22)	1589	Dullardston x 2	Eliz 196/247 <i>ibid</i> :281
23)	1636	Dullardston [de maner', vil' & ter' de] Dullardston [maner' de] Dullardston	Car I, 118 Inq Lag (=Inq Temp Car I, TS/TT <i>logainm.ie</i>)
24)	1625	de Dullardston ...	Car I :4 Inq Lag
25)	1633	Dullardstowne	Car I 85 <i>ibid</i>
26)	?164[0] nó ina dhiaidh	de Dullardston	Car I 166 <i>ibid</i>
27)	gan dáta	[maner' de] Dullardston	Car I 169 <i>ibid</i>
28)	1654-56	Dillardstowne	CS 43 (x 3), 44, 48
29)	1655-9	Dollords Towne [P] ⁸⁸	Is BN, Goblet: 192
30)	1657	Dollardstowne Dollardstowne 5	DS 5 Innéacs An Index of Townes Names with the pages where to find them
31)	1654-57	Dollardstowne Dollardstowne	cláraithe faoi <i>The parrish of Painestowne</i> DS Is: The Parrishes of Knockhammon Painestowne Kentowne and Brownestowne and Fenor Edwd. Wilson [cf.DS:AL freisin]
32)	1659	Dolars towne	Census:481
33)	c1663	Dollardstowne 15 Dollardstowne	BSD Index <i>ibid</i> 15, 1667, 1663 luaite sa téacs
34)	1663	Dollard's towne (<i>sic</i>) X 2	Car II 4 Inq Lag
35)	[idir 1660 & 1685]	Dollardstowne Dollardstown	Inq.C.II:AL, TS <i>logainm.ie</i> TT <i>logainm.ie</i>
36)	1672	Dollard's Towne [P]	Is HD, Goblet:192
37)	1700	Dollardstowne	Forfeited Estates 1700:86
38)	1812	Dollardstown Dollardstown	Co Map 1812:AL, TT <i>logainm.ie</i> Is Larkin
39)	1824	Dolardstown	HCSV:AL, TT <i>logainm.ie</i>

⁸⁸ P = 'Paynes towne, EM' (*ibid*).

40)	c1830	Dolardstown	BS:AL, TT <i>logainm.ie</i>
41)	idir 1823 agus 1837	Dollardstown	Applot.Bk (Rev. Brabazon):AL, TT <i>logainm.ie</i>
42)	1836	Dolardstown	GJ Rates (Old Copy):AL, TT <i>logainm.ie</i>
43)	1838	Dollard's town	OD:AL
44)	1830-40	Dollardstown	JOD:AL, TT <i>logainm.ie</i>
45)	1838	Baile an Dolartaigh	OC:AL, TT <i>logainm.ie</i>
46)	1838	Baile an dolartaigh	pl:AL, TT <i>logainm.ie</i>
47)	1.2.60	baile Dhallaird	'Fiachra' TS <i>logainm.ie</i>
48)	25/6/71	Baile an Dolardaigh	Bord Fáilte, TS <i>logainm.ie</i>
49)		Dollardstown Tld	OSL: 139 (55)
50)	1835/6 revised 1899	Dollardstown Ho	Is SO
51)	1850	Dollardstown	AI TTPBI:379
52)	2010	'doLards,toun	fogharscríobh [forleathan]

Is i bparóiste Bhaile Phaghain/ *Painestown*, barúntacht Dhamh Liag Íochtarach atá an baile fearainn *Dollardstown*. Dealraíonn sé gur ó shloinne thiarna an mhainéir fheodaigh a tháinig an logainm seo, mar is léir ón leagan is luaithe a frítheadh don staidéar seo - *villa Pagani Dullard* (1). De réir *La Geste des Engleis en Yrlande* thug Hugo de Lacy *La terre de Rathcunarthi*⁸⁹ do *Adam Dullard* (Mulally 2002:134, línte 3162-3). Ach is léir go raibh tailte ag *Dullard* i gContae na Mí agus i gCill Dara freisin - frítheadh go leor tagairtí stairiúla do *Dollardstown*, baile fearainn atá i bparóiste *Tankardstown* i gCill Dara,⁹⁰ agus d'fhéadfadh sé go raibh fiú *Dollardstown* eile fós ann, a bhí gar do Dhamh Liag, mar luadh *ecclesia et decimis Dollard/ ecclesia et decimis de terra Ade Dollard* i gcáipéis a scríobhadh sa bhliain 1187- 91, a raibh mar ábhar aici, aighneas idir *priorem et conuentum Lanthonie* agus na *Hospitalarios* faoi sheilbh na ndeachúna, agus an socrú a rinneadh ar an aighneas sin (38 ICL:233).⁹¹

⁸⁹ ?*Rathconrath*, baile fearainn agus paróiste san IM, ach féach '*Rathconneche quod vocatur Payneston*' a bhfuil an dáta AD 1295 X 1312 (*sic*) luaite ar bharr na cáipéise (Mac Niocaill 1964: 93.110).

⁹⁰ cf. *villa Dullard* [= Dollardstown Cill Dara] AD 1292 (CDI 1285-92:476). Féach freisin *Dullardston/ Dolerteston/ Dullareston* (CSL1540-1:152, 171, 206) agus *Dollardiston/ Dullardeston/ Dullardiston* (CSL 1540 -1:260, 286; féach an t-innéacs:412).

⁹¹ Rianófar a bhfuil ar eolas faoi stair an ospidéil in *Prioryland* [50] agus i gCaibidil 3, 6.4. Féach freisin Hogan 2008: 62-63, 72, 200.

Maidir le *Dollardstown*, paróiste *Painestown*, is í *villa Pagani Dullard* AD 1211-13 (1) foirm Laidine de *Dollardstown*, an tagairt is luaithe a aimsíodh don staidéar seo. Tugadh *Payneston Dullard* (2) air ag tús na 14ú haoise. Níor frítheadh sampla d'fhoirm leis an struchtúr SLOINNE + mír shealbhach + TOWN, struchtúr a chleacht na coilínigh, go dtí an 16ú haois, ámh, os cionn dhá chéad bliain ina dhiaidh sin, féach *Dullardeston* (3), (4), (6) - (10), (12), (16) - (19), *Dullardston* (15), (22), *Dullar(d)stown(e)* (11), (14), (21), *Dollardstone* (13), (20), (21), *Dullar(d)stone* (20), (21). Is léir go raibh *Paganus* ligthe i léig faoin am sin, agus go raibh glactha le *Dullard* mar ainmnitheoir agus go raibh comhréir an logainm athraithe ó struchtúr na Laidine go comhréir an Bhéarla - mír shealbhach an Bhéarla ag freagairt do thuiséal ginideach na Laidine, agus mír léacsach an Bhéarla *ton/ tone/ town(e)* ag freagairt do *villa* na Laidine. Is beag athrú a tháinig ar na foirmeacha Béarla ó shin, cé is moite de mhionathruithe i nguta an chéad tsiolla, gnáth-mheánchoimriú ghuta na míre sealbhaí, agus gnáthathruithe i litriú na heiliminte *ton/ town/ town(e)*.⁹²

Tá roinnt samplaí den sloinne *Dollard/ Dullard* (38 ICL: 233),⁹³ de *Dullart/ Dullard* (XXVII ICL:34)⁹⁴ agus de *Willelmi Dullard*⁹⁵ le fáil in *Dyuelech/ Duueluke/ Duellyke* i gcáipéisí Laidine ó dheireadh na 12ú haoise i leith. Tá taifid le fáil ar *Dullard/ Dullart/ Dollard* éagsúla a d'fheidhmigh mar fhinnéithe ar cháipéisí éagsúla, a leithéid *Thomas Dullard*, c AD 1210 (CGR:150 f. 195d),⁹⁶ *Ada Dollart*, roimh AD 1216

⁹²Is é an guta *-u-* a bhíonn sa chéad siolla den phríomheilimint *Dullard(e)sto(w)n(e)* ón mbliain 1560 go dtí lár na 17ú haoise, cé is moite de *Dollardstone* (13). Is cosúil gur botún scríobhaí is cúis leis an *-n-* san fhoirm *Dunllardeston* (5), toisc é a bheith corr le bunáite na samplaí eile. Ó lár na 17ú haoise i leith tá *-o-* tagtha in áit *-u-* sa chéad siolla, féach *Dollardstown(e)* (30) - (43), (49) - (51), agus féach na samplaí dháfhoclacha *Dollards t/Towne* (29), (34), (36), (43), *Dollords Towne* (29), agus *Dolars town(e)* (32) a bhfuil an consan /d/ comhsamhlaithe le /s/. Is foirmeacha corra iad *Dillardstowne* (28) de bharr *-i-* a bheith sa chéad siolla seachas *-u-* nó *-o-*; agus *Dollord's Towne* (29) de bharr *-o-* a bheith sa dara siolla seachas *-a-* mar atá le fáil sna foirmeacha Béarla eile uile.

Baineadh leas as dhá leagan den mhír shealbhach *-es-*, féach (3) - (10), (12), (14), (16) - (19), agus *-s-* (11), (13), (15), (20) - (44), (49) - (51). Is iad na leaganacha *ton* (3) - (10), (12), (15) - (19), (22) - (24), (26), (27) *tone* (13), (20), (21), *towne* (14), (22), (25), (28) - (37) agus *town* (11), (34), (38) - (44), (49) - (51) a scríobhadh sna cáipéisí éagsúla.

⁹³ cf. AD 1187 - 91 '... decimis de Dollard ... decimis de terra Ade Dullard ... predicti canonici prenominat decimas ad ecclesiam eorum de Dyuelech pertinere asserebant ...' (*op cit*).

⁹⁴ cf. AD 1192 - 1202 '...ecclesiam sancti Michaelis de Duueluke ...ecclesiam sancti Kennanni de Duellyke... rata manente transaccione que inter eosdem canonicos et hospicallarios facta est super decimis de terra Ade Dullart* ...' [*= Dullard in A/2], (*ibid* fonóta 7). Tá aistriúchán ar fáil, cf. AH (2008:244).

⁹⁵ ? mac le Paganus, féach foinsé (1) thuas.

⁹⁶ 'Peter de Messeth has given to Ralph de May for his homage and service, 20 acres of land ... as one goes to the town of Gillisse ... rendering yearly to grantor and his heirs one pair of iron spurs ... Witnesses ... Thomas Dullard ...' (*op cit*).

(CGR 179 – 180 f. 6)⁹⁷ agus *Pagan Dollard*, ? 13ú haois (CGR 42, f.44),⁹⁸ mar shampla. Ainmníodh *Thomas Dullard* mar shaor-thionónta sa bhliain 1341 (CGR 113 f.142d).⁹⁹ Mar sin, is féidir a bheith cinnte go raibh roinnt daoine a raibh leagan den sloinne *Dullard* orthu sa tréimhse staire inar ainmníodh an baile fearainn - fianaise gurb é an sloinne *Dullard* cáilitheoir na príomheiliminte TOWN.

Fearacht go leor logainmneacha nach bhfuil bunús dúchasach Gaeilge leo, níor gaelaíodh *Dullardstown/ Dollardstown* go dtí an 19ú haois, nuair a thug O’Conor agus Ó Donnabháin faoi thasc a ghaelaithe, agus *Baile an Dolartaigh/ dolartaigh* (45), (46) á moladh acu. Mhol ‘Fiachra’ na SO *baile Dhallaird* (47) dó sa bhliain 1960¹⁰⁰ agus mhol Bord Fáilte *Baile an Dolardaigh* (48) dó sa bhliain 1972. Is léir ó fhoirm (47) gur ag aistriú *Dollard* mar chnuasainm dílis a bhí an SO – ar an múnla Gaelach - ach gan leas a bhaint as an mír dhíorthach *Uí* .i. **Baile Uí Dhalaird*. I gcás na dtrí shampla Ghaelaithe eile a bhfuil teacht orthu, cuireadh an iarmhír –ACH a chomharthaíonn ‘duine’ ar an tsloinne,¹⁰¹ agus infhilleadh na foirmeacha sa tuiseal ginideach uatha i ndiaidh BAILE + ALT, féach *Baile an Dolartaigh/ dolartaigh* (45), (46)/ *Dolardaigh* (48) – a thabharfadh le fios gur ainmníodh i ndiaidh *Dollard* amháin (*Paganus Dollard?*) - a bhí an áit, seachas i ndiaidh shliocht Dollard.¹⁰²

Tá bearna ama - beaganach 100 bliain - idir na logainmneacha *villa Pagani Dullard* (1) agus *Payneston Dullard* (2) AD 1308, agus tá bearna mhór ama - *circa* 220 bliain - idir *Payneston Dullard* (2) AD 1308 agus *Dullardeston* (3) AD 1529, agus is deacair a rá go cinnte gur ainmníodh an áit i ndiaidh an chéad *Phaganus Dollard* nó i ndiaidh shliocht a shleachta. Is aistriúchán ar *Dollard(e)ston/ town(e)* é *Baile an Dolartaigh* (45) a cumadh níos lú na 200 bliain ó shin. Athchóiríodh é mar *Baile an Dolardaigh* (48) thart ar 40 bliain ó shin.

⁹⁷ ‘Charter of Ratoath. Johannes ... rex Anglie Dominus Hibernie Dux Normandie comes Andgavie (*srl*)... nos dedisse concessisse et hac presenti carta confirmasse Philli[p] de Wircestria totum Rahtoude (*sic*) cum omnibus pertinenciis suis habendum et tenendum ... Hiis testibus ... Ada Dullart et aliis’ (*op cit*).

⁹⁸ ‘Robert le Breton has granted to Gilbert Large one mark of yearly rent out of Marnasemdilli ... Witnesses, sir Pagan Dullard...’ (*op cit*). Níor luadh dáta leis an gcáipéis seo. Baineann na cáipéisí uile san fhéilire seo leis an tréimhse ama AD 1175 go 1397.

⁹⁹ [Fothideal]: ‘Free Tenants:- there are also assigned to the same Walter [de Bermyngham] and Elizabeth, these free tenants Gregory le Flemyng ... Thomas Dullard, who holds 1 ½ carucates in Scalystoun ...’ (*op cit*.)

¹⁰⁰ Féach freisin *Baile Dhollaird* leagan R[annóg an] aist[triúcháin] 31-10-62 ar *Dollardstown/ Baile Dhollaird*, i mbarúntacht Chill Chá/ *Kilkea* agus Maoin/ *Moone*, i bparóiste Bhaile Thancaird/ *Tankardstown* [CD] (TS *logainm.ie*).

¹⁰¹ Ar ndóigh, iarmhír logainmníochta is ea -ACH freisin. Tagraíodh do phlé Uí Mháille (1987) ar an iarmhír seo cheana, féach *Knockharley* [70].

¹⁰² Is í an Ghaeilge atá ar an sloinne ná *Dollard, Dollart* de réir Woulfe, agus is le Contae BhÁC agus le Contae na Mí a bhaineann sé (1923:282).

Barúntacht: Damh Liag Íochtarach **Paróiste:** Baile Phaghain Painestown

[86] PAINESTOWN (ainm Gaeilge le deimhniú *logainm.ie*)

*Baile Phaghain (rogha an taighdeora 2014, cf. [12] PAINESTOWN)

1)	1212	? terra Ade Dullart et Pagani fratris sui ¹⁰³	Fratribus Jerusolimitani Hospitalis in Ybernia constituti. Reg Kilm:139
2)	1279	?Paineston ¹⁰⁴	CDI 1252 84:322,1605
3)	1293	?[Richard de] Paynestone ¹⁰⁵	CDI 1293- 1301:8, 20
4)	1295	?Payniston ¹⁰⁶	<i>ibid</i> :94, 226
5)	1299	?Peyneston, co Meath? ¹⁰⁷	CJR 1295-1303:274
6)	1306	?Payneston [co Meath] ¹⁰⁸	CJR 1305-07:185
7)	1302-6	? [Church of the vill of] Pagan X 2	713 Tax CDI 1302-1307:253. 714 Tax <i>ibid</i> :262. [Liostaí deachúna].
8)	1352	[Rolaundestoun near] Paynestoun	Quitclaim CGR 45 (<i>i ndiaidh f.49</i>) ¹⁰⁹
9)	1459	ecclie be Marie de Payneston [Mid]	SRPI Hen VI: 620
10)	1463	?Payneston ¹¹⁰	SRPI Ed IV:198
11)	1529	1. Payneston ¹¹¹ 2. Payneston, Duleek [?Dullarde]	H VIII 48/90, CI 1991:27
12)	1535	Payneston ¹¹²	Henry VIII 69/102, <i>ibid</i> :40
13)	1538	Payneston	Henry VIII 111/39 <i>ibid</i> :61
14)	1543	Payneston	Henry VIII 170/141 <i>ibid</i> :103
15)	1602	?[Duleek &] Payneston ¹¹³	Eliz 251/170, <i>ibid</i> :315

¹⁰³ Téacs de chuid Innocent III atá anseo. Táim ag glacadh leis go bhfuil *Dollardstown* agus *Painestown* i gceist leis an tagairt seo.

¹⁰⁴ ‘grant to nuns of Lismullen’ (*op cit*).

¹⁰⁵ ‘Letters of attorney in Ireland for persons remaining in England, or in England for persons remaining in Ireland’ (*op cit*).

¹⁰⁶ ‘From the villis of Colp, Stachinen, Keramston’, and Payniston’ (*op cit*).

¹⁰⁷ Éistíodh leis an gcás seo san Obair/ *Nobber*.

¹⁰⁸ Éistíodh leis an gcás seo san Obair/ *Nobber* freisin.

¹⁰⁹ Tugtar suíomh *Rowlandstowne* in CS:43.

¹¹⁰ Féach: ‘Paynestoñ ... Dromyng, Trim et Kenlis lue lo^r app^r ten^ance’ (*op cit*).

¹¹¹ ‘... husbandmen have goods to the value of £10 but have failed to provide themselves with arms as required by statute: ... William Dowbylday of Dullardestown W... Corrigan of Payneston ... Shan Begge of *Payneston, Duleek’ [?Dullarde = *villa Pagani Dullard*, féach *Dollardstown* [85] (4)].

¹¹² Is as liosta áiteanna a thagann an *Paynestown* seo - tá *Stacallen* roimhe agus *Dwyeleke* ina dhiaidh.

¹¹³ ‘On 20 June 1540 he [James Orpey] granted all his lands in ... Duleek & Payneston, co Meath, to’ (*op cit*).

16)	1617	? Paineston ¹¹⁴	Jac 1:21 Inq Lag
17)	1654- 1656	Painestowne [P] The Parish of Painestowne Painestowne	CS:1 43 (x 2) 43 (x 2), 44, 49
18)	1655-9	Paynes Towne [Paróiste]	Is BN, Goblet:39
19)	1657	Painstowne 5 [P] Paynestown Parrish Painestown [P] Painestown 1 Painstown5[:6] The Parrish of Painestowne ... Painestowne	Clár: The County of Eastmeath, Fotheideal: The Barony of Dulecke 3 DS Is:The Barrony of Dulecke in the County of Meath by W ^m Morgan. An exact copy by Dan ^l O' Brien surv ^{or} DS Is:The Parrishes of Knockhammon Painestowne Kentowne and Brownestown and Fennor by Edw ^d Wilson An Index of Townes Names with the pages where to find them DS 4, Liosta na mbailte fearainn sa pharóiste [Féach freisin: DS Painestowne x 3 in NBBPM OSO July 1836]
20)	1659	Paynstowne [P] Paynstowne	Census:481 ¹¹⁵
21)	1663	[in poch' de] Painestowne ¹¹⁶	Inq Lag Car II 3
22)	1663	parish of Panistowne	<i>ibid</i> :4
23)	c1668	Paynestowne 15:17 Paynestowne Parish Paynestowne	BSD Index ¹¹⁷ <i>ibid</i> 15, Teideal sa téacs <i>ibid</i> 15, 1666 sa téacs
24)	1672	Painestowne	Is HD Goblet:39
25)	1742	? Painstown ¹¹⁸	RDD AW i: 291, 665
26)	1786	? Paynston ¹¹⁹	Archdall Mon Hib (White):528
27)	1795	Painestown [P]	Seward's Top Hib, NBBPM:1836
28)	1802	Painestown [P]	Thompson's Stat Surv, NBBPM:1836
29)	1810	Painestown [P]	Carlisle's Top Dic, NBBPM:1836
30)	1812	Painstown [P] Painstown	Co Map 1812
31)	1821	Painestown [P]	Arrowsmith's Map, NBBPM:1836
32)	1821	Painestown [P]	HC Pop Return, NBBPM:1836

¹¹⁴ 'Jac' Fitz-John tenet ter' suas in Paineston p fidelitat'.'

¹¹⁵ Tugann an *Census* líon na Sasanach (16 duine) agus líon na nGael (52 duine) (*op cit*).

¹¹⁶ '... proprietor vil' & ter' de Thursanstowne, in poch' de Painestowne ...' (*op cit*).

¹¹⁷ Is i bparóiste *Colpe*, atá an *Painestowne* eile a cláraíodh ar lch 17 den BSD.

¹¹⁸ 'town and lands of Painstown and elsewhere' (*op cit*).

¹¹⁹ 'The rectory of Macetown containing Macetown, Painstown and Rogerstown (*op cit*). Tá *Rogerstown* ó dheas de *Painestown* i bparóiste *Julianstown* anois.

- | | | | |
|-----|---------------------|-----------------------------------|--|
| 33) | [idir 1823 & 1837] | Painstown [P] Painstown | Applot.Bk (Rev. Brabazon):AL, TT <i>logainm.ie</i> |
| 34) | [1826] | Painstown [P] Painstown | HCSV:AL, TT <i>logainm.ie</i> |
| 35) | c1830 | Painestown [P] Painstown | BS:AL, TT <i>logainm.ie</i> |
| 36) | 1830 | Painestown [P] | Irish Ecc Reg, NBBPM:1836 |
| 37) | 1830 | Painestown [P] | Tythe Comp Ret, NBBPM:1836 |
| 38) | 1831 | Painestown [P] | HC Enquiry, NBBPM:1836 |
| 39) | 1835/6 revised 1899 | Painestown [P] | Is na SO |
| 40) | | Painstown [P] Painstown | GJ Rates (Old Docket): TT <i>logainm.ie</i> |
| 41) | 1836 | Painestowne [PAINESTOWN] | JOD TT <i>logainm.ie</i> |
| 42) | ?1897 | Painestowne [P] Painstowne | Quit Rents (Old Copy): TT <i>logainm.ie</i> |
| 43) | 1836 | Baile Faodhan [P] | pl AL TT <i>logainm.ie</i> |
| 44) | 1836 | Baile Phaodhan [P] ¹²⁰ | OC AL <i>logainm.ie</i> |
| 45) | 2010 | 'pe:nəs'təun
'pe:ns'təun | fogharscríobh, Paddy Lenihan,
Damian Mc Daid |

Pléadh struchtúr an logainm *Painestown*, atá ar pharóiste agus ar bhaile fearainn araon i mbarúntacht Dhamh Liag Íochtarach i gcomhthéacs an bhaile fearainn eile i bparóiste Cholptha/ *Colp* a bhfuil an logainm céanna air. Chonacthas gur fhás an logainm as an ainm pearsanta *Paganus* (féach *Painestown* [12], fonóta 9). Tugtar chun cuimhne gurbh shin é an t-ainm a bhí ar dhuine de ridirí *Hugo de Lacy*. Chomh maith leis an b*Paganus* sin a tháinig go hÉirinn ag deireadh na 12ú haoise, tá tagairt sa bhliain 1212 do

terra Ade Dullart et Pagani fratris sui (1)

i leith dhá pháosa talún, mar a phléifear thíos, agus tá go leor tagairtí do dhaoine a raibh an sloinne *Pagan* orthu ag deireadh na 13ú haoise agus ag tús na 14ú haoise.¹²¹ Tugtar

¹²⁰ 'Painestown Parish is called Baile Faodhan ... no ruins of an old Church in it, nor are there any marks of antiquity about the churchyard, where the Protestant Church now stands, neither could I learn from the inhabitants whether the present Church stands on the site of an old Church or not. I have heard from an old man since I wrote the above, that there was an old Church in this p^h, and that the present one is built on its site' (OSL:138).

faoi deara go bhfuil an dá leagan *Pagan* agus *Payn* le fáil i gcáipéis a scríobhadh sa bhliain 1311 (CJR 1308-1314:222),¹²² chomh maith le tagairt a rinneadh do *William Pain* níos luaithe, sa bhliain 1253 (CDI 1252-1284:28, 179).

Cé gur luadh *terra Ade Dullart et Pagani fratris sui* (1) sa bhliain 1212, níor frítheadh fianaise ar an eilimint PAINE/ PAYNE i logainm an bhaile fearainn *Painstown*, paróiste *Painstown*, go dtí deireadh na 13ú haoise, féach (2), (3) ar aghaidh.

Is léir go raibh roinnt tailte ag *Paganus*, ní a chothaíonn deacrachtaí do thaighdeoirí a bheadh ag iarraidh idirdhealú a dhéanamh idir na bailte fearainn éagsúla a bhfuil *Painstown* mar logainm orthu, mar go mbíonn sé deacair *Painstown* amháin a aithint thar *Painstown* eile in amanna. Luaitear, mar shampla, dhá pháosa talún, ar mba le *Nicholai filii Pagani* iad, sa bhliain 1260 a bhfuil cur síos orthu i gcomhthéacs thalamh *Willelmus de Bray in Donoure*, féach:

... et xxxviii^{to} terre in Donoure que sunt inter magnam viam que est versus Drocheda et dominicum meum [*Willelmus de Bray*] et extendunt se de terra *Nicholai filii Pagani* in longitudine vsque ad aliam terram eiusdem *Nicholai filii Pagani* ... (ICL:115).¹²³

Níl aon *Painestown* gar do *Dhún Uabhair/ *Donore* i láthair na huaire.

Tá cur síos ar *Painstown* eile sa 17ú haois a raibh *Armulchan* ó thuaidh de agus *Radrina* agus *Fennor* siar uaidh (CS:43). Níl an *Painstown* sin ann níos mó. Sílim go mb'fhéidir gurb é an *Painstown* céanna é sin agus an ceann atá luaite ag Archdall, a mbíodh a shuíomh gar do *Armulchan*. Deir Archdall:

... Armulchan in the barony of Duleek
and situate near Painstown... (1786:512).¹²⁴

¹²¹ Féach, mar shampla: *Adam son of Pagan* AD 1292 [CD] (CDI 1285-1292:477,1078), 'Letters of attorney for *Robert Laurence son of Pagan* remaining in England' AD 1289-90 (CDI 1285-1292:303,612), *Robert son of Pagan* AD 1297 (CDI 1293-1301:177, 386), *Robert son of Pagan* finné ar cháipéis a scríobhadh sa bhliain 1304 (CDI 1302-1307:114, 331) agus *Peter Payn, Richard Payn* in Tyseryary AD 1313 (CJI Ed II 1308-1314:274).

¹²² cf. 'Henry son of Robert son of Pagan, and Pagan son of Robert son of Pagan charged with the death of Martin Crane did for the King in the company of the Justiciar in fighting the Irishmen of the Obyrns in the parts of Wyknglo suit of the peace is pardoned to them of the said death ... by pledge of Gerald Payn' (*op cit*).

¹²³ cf. 'CXIII Carta eiusdem Willelmi de una carcucata terrem cum pertinenciis' (*op cit*); Féach freisin: 'CXXV Carta eiusdem Alicia de eisdem' (*ibid*:117) agus 'CXXVII Confirmacio eiusdem Alicia de omnibus terris' (*op cit*:118-9).

¹²⁴ Féach freisin 'The rectory of Macetown containing Maistown (*sic*), Painstown and Rogerstown' (*ibid*:535) agus 'the church of Paynston-Dullard near Tyanoure', faoin teideal *Lismullen* (*ibid*:555).

Bhíothas cinnte gur bhain cuid de na samplaí a cláraíodh sa Tábla thuas leis an bparóiste *Painstown* nó leis an mbaile fearainn *Painstown* atá faoi chaibidil, ach níorbh fhéidir a bheith cinnte faoi shamplaí (1) - (7), (10), (15), (16), (25), (26) a bhfuil comhartha ceiste rompu. Luaigh mé comhthéacs na dtagairtí i bhfonótaí, mar a fhaightear i gcuid de na cáipéisí ábhartha, ar mhaithe leis an oiread soiléiriú faoina suíomh a thabhairt agus ab fhéidir. Tugtar faoi deara go bhfuil dhá *Painestown* éagsúla luaite in (11).

B'fhiú a lua anseo gur chláraigh Goblet dhá pharóiste ar léarscáileanna BN agus HD a raibh *Painestown* orthu - in *Eastmeath* agus i gCeatharlach, chomh maith le seacht gcinn de bhailte fearainn a raibh *Painestown* orthu sna paróistí *Balraine* [CD], *Kill* [CD], *Dromin* [Lú], *Clonmore* [Lú], *Kilpatrick* [*Eastmeath*], *Macetowne* [*Eastmeath*], *Colp* [*Eastmeath*]. Luadh *Painestown* i Lú agus ceann eile i *Skreen* ag tús na 18ú haoise (Forfeited Estates 1700:86). Frítheadh tagairtí do *Payneston* AD 1538 (? BÁC (H VIII 111/39 CI:61) agus do *Painestown* AD 1549 (CPCI R i, Ed VI:432) in ionchúisithe na 16ú haoise freisin, ach téann sé thar scóp an staidéir seo cinneadh a dhéanamh maidir le suíomh na *bPainestown* sin.

Maidir leis na leaganacha Gaeilge, cláraíodh *Baile Faodhan* (43) a bhfuil leagan foghraíoch den cháilitheoir ann, agus *Baile Phaodhan* (44) a chaomhnaíonn túslitir an bhuncháilitheora. Bá é an leagan Gaeilge den *Painestown* i bparóiste Cholptha/ *Colp* a shocraigh NÓM na SO in Aibreán 1989 ná *Baile Phaghain*, cf. *Painestown* [12]. D'fhéadfaí an sampla sin a leanúint agus leas a bhaint as **Baile Phaghain* mar leagan Gaeilge don bhaile fearainn agus don pharóiste chomh maith, a bhfuil *Painestown* orthu araon, mar go gcoinníonn siad túslitir stairiúil an logainm sa litriú, chomh maith leis an gconsan láir séimhithe.

Barúntacht: Damh Liag Íochtarach

Paróiste: Baile Phaghain/ Painstown

[87] SENESCHALSTOWN

***Baile an tSeanascail** (ainm neamhdheimhniú *logainm.ie*, rogha an taighdeora **2014**)

- | | | | |
|-----|---------------------|---|--|
| 1) | 1535 | Shensyalyston | Hen VIII 78/110, CI 1991:45 |
| 2) | 1538-9 | Shensyalleston | C PCI R i Hen VIII:37, 21 |
| 3) | 1569 | Shenshalleston | C PCI R i Eliz:531, 22 |
| 4) | 1589 | Senshallstone
Shenshallstone X 3 | Eliz 191/123 (3) <i>ibid</i> 277 |
| 5) | idir 1625
& 1649 | Sensialston | Inq Car1, TS <i>logainm.ie</i> |
| 6) | 1633 | Sensialston [& Rowlandston] | Car I 85 Inq Lag (<i>logainm.ie</i>) |
| 7) | 1636 | Sensialston [& Rowlandston] | Car 1 118 <i>ibid</i> (<i>logainm.ie</i>)
<i>Níl an tagairt in innéacs</i> Inq Lag |
| 8) | 1654-7 | Seneschallstowne
Sheneschalltowne | CS V: 43 (x 2), 44, 49
43 |
| 9) | 1657 | ?T/Shenshalstown 5

?T/Shenshalstowne
Shenshallstown | DS An Index of Townes Names with
the pages where to find them
4:The p of Painestowne ... (liosta)
DS Map:AL |
| 10) | 1659 | Shenshaelston | Census:481 |
| 11) | c1668 | Thenshallstowne 15
Thenshallstowne | BSD Index
<i>ibid</i> 15, 1663 sa téacs |
| 12) | 1812 | Seneshalstown | Co Map 1812:AL, TT <i>logainm.ie</i> |
| 13) | 1824 | Thensaldtown | HCSV:AL, TT <i>logainm.ie</i> |
| 14) | c1830 | Senshilstown | BS:AL, TT <i>logainm.ie</i> |
| 15) | 1836 | Seneschalstown | Applot.Bk (Rev. Brabazon),
TT <i>logainm.ie</i> |
| 16) | 1836 | Seneschallstowne alias
Thomshallstowne | Quit Rents (Old Copy):AL,
TT <i>logainm.ie</i> |
| 17) | 1836 | Thensaldtown | GJ Rates, (Old Copy):AL,
TT <i>logainm.ie</i> |
| 18) | 1836 | Senchalstown | Custom:AL, TT <i>logainm.ie</i> |

19)	1836	Shensilstown	pl OD, TT <i>logainm.ie</i>
20)	1836	Seneschalstown	JOD:AL
21)	1835/6 revised 1899	Seneschalstown	Is SO
22)	1838	baile Shionascal 'town of the Seneschal' [baile-shinsil]	OD:AL, pl:AL, TS/ TT <i>logainm.ie</i> [líne tríd san AL]
23)	24/2/82	Baile an tSeanascail	CL G TS <i>logainm.ie</i>
24)	2014	'senʃaLʃ təun	fogharscríobh, David Kearney

Is i bparóiste Bhaile Phaghain/ *Painestown*, barúntacht Dhamh Liag Íochtarach, atá an baile fearainn *Seneschalstown*. Is cosúil gur logainm den struchtúr SLOINNE + mír shealbhach + TOWN atá ann.

Is ón tSean-Fhraincis a thagann an sloinne *Seneschal*. Baineadh leas as foirmeacha éagsúla de i Sasana chomh luath leis an mbliain 1194, féach:

OFr *seneshal* 'seneschal', an official in the household of a sovereign or great noble, to whom the administration of justice and the entire control of domestic arrangements were entrusted. In a wider sense, a steward, 'major domo' *Senescal and Senecal* were Norman forms (Reaney & Wilson 1958:313).¹²⁵

Is mar théarma a fhaightear sa 13ú haois i bhfoinsí Gaeilge é, féach:

[1247] ocus do marbad mac Elgéid, .i. senscál Connacht, la mac Anmchada hi Ghillaphádraic (1247 Ann LC i:378)

agus arís sa 15ú haois, féach:

[1490] Semus occ Sabhais do marbath in^c bliadhain si la clainn i t-Senescail t-Sabhais a fhiull (1490 AU iii:348).¹²⁶

Nuair a cheadaítear na foinsí gallda, feictear gur baineadh leas as an téarma *seneschal* in Éirinn ag tús na 14ú haoise - bhronn Robert de la Warde *seneschal of the household*

¹²⁵ cf. *Alan le Senescall* 1194, *Ralph le Seneschall* 1222, *William le Seneschel* 1243, *Thomas Senycle* 1395, *Sarah Senskell* 1693 (*op cit*).

¹²⁶ Tá taifead ar an eachtra seo in ARÉ iv:1178 freisin, cf. 1490 'Semus ócc Sabhaois do mharbhadh la cloinn an tsonasccail Sabhaois.' Féach freisin: **senescal** o, m (Eng. or Romance loan-word) (DIL:178) le haghaidh samplaí eile den téarma sa litríocht.

free chace in all his demesne lands of Slefto Ireland

ar Eustace le Poer sa bhliain 1304 (CDI 1302-1307:114, 331), agus scríobhadh ainm

John Stamene, seneschal of the town (CGR:62 f.77).

mar fhinné ar cháipéis sa bhliain 1368. Bhí an oifig fós ag feidhmiú sa 16ú haois - is sa bhliain 1562 a bronnadh

The office and seneshalship of Methé

ar *Robert Bolde, Lord of Ratothe* a fhad agus a bheadh sé beo

that he might grant a deputation under him
(Cal Carew Ms: 317, Cap. 61).

Baineadh leas as *Seneschall* mar shloinne in Éirinn faoin 14ú haois freisin. Luaitear *Walter, son and heir of Hugh Seneschall* faoin mbliain 1362, agus taifead á dhéanamh gur scaoil *Walter* leis an gcíos a bhí aige as dhá *messuage*

in the street called the Bothestrete, in Drogheda on the side of Uriel

i bhfábhar *Robert de Prestoun* (CGR 76 f.93d).

Níor sheas an sloinne in Éirinn – níl sé ag Woulfe ná ag MacLysaght. De réir Hanks & Hodges (1989) leasainm a bhí i *Seneschal* agus deir siad:

Seneschal: English nickname for an officious man or occupational name for a seneschal ... (484).¹²⁷

Maidir leis an logainm atá bunaithe ar an sloinne Sasanach, is iad foirmeacha an cháilitheora a bailíodh don staidéar seo ná *Shensyal* (1), *Shensyall* (2), *Shenshal[l]* (3), (4), (9), *Senshal[l]* (4), (12), (18), *Sensial[l]* (5), (6), (7), *Seneschal[l]* (8), (11), (14), (15), (19), (20), *Sheneschall* (8), *Shenshael* (10), *Thensald* (12), (16), *Senshil* (13) agus *Shensil* (18).

Tá an *alias Thomshallstowne* (15) corr leis an gcuid eile de na samplaí a bailíodh, ach an oiread leis an bhfoirm aisteach eisceachtúil *Thensaldtown* (12), (16), atá le fáil i measc na bhfoirmeacha a scríobhadh sa 19ú haois. Tá cosúlachtaí sa pheannaireacht idir

¹²⁷Tugann Hanks & Hodges leaganacha éagsúla Béarla de *Seneschal*, chomh maith le leaganacha gaolmhara ón bhFraincis agus ón Iodáilis (*op cit*).

cheannlitreacha S agus T ar léarscáileanna Wilson an DS (9),¹²⁸ agus b'fhéidir gur tháinig na foirmeacha *Thenshallstowne* (11), *Seneschallstowne alias Thomshallstowne* (16) agus *Thensaldtown* (13) chun cinn de bharr mearbhall a bheith ar na tras-scríobhaithe faoin túsleitir.

Feictear malairt [ʃ] agus [s] i dtúsleitir na príomheiliminte sna samplaí a bailíodh as foinsí éagsúla. Feictear [ʃ] i bhfoirmeacha na 16ú haoise - b'fhéidir de bharr comhshamhlaithe a bheith déanta idir tús an chéad tsiolla agus tús an dara tsiolla.¹²⁹

Tá meititéis le sonrú idir guta dara siolla na príomheiliminte agus an dara consan déadach cuimilteach [s], féach *-eschal(l)-* (8), (15), (16), (20), (21) ag tosú le guta seachas le /s/, i gcomparáid le *-syal[l]-* (1), (2), *-sial-* (5), (6), (7), a thosaíonn leis an gconsan /s/ roimh an nguta. Tá meánchoimriú le feiceáil sa siolla sin i samplaí eile, féach *-shal[l]-* (3), (4), (8), (9), *-shael-* (10), *-sald-* (13), *-shil-* (14), *-sil-* (19).

Faightear malairt leaganacha na míre sealbhaí *-ys* (1), *-es* (2), (3), agus *-s* (4) – (12), (14) – (16), (18) – (21). Faightear malairt leaganacha den eilimint TON/ TOWN/E freisin.

Is logainm Gallda é *Seneschalstown* a cuireadh ar an mbaile fearainn le linn réimeas Anraí VIII (nó achar gearr roimhe). Is é *baile Shionascal* (22) (a bhfuil fogharscríobh den fhocal *seneschal* le sonrú ann) foirm an logainm a taifeadh sa 19ú haois.¹³⁰ Bhain an *seneschal* le córas riaracháin na gcoilíneach. Cé nach téarma Gaelach é, rinne na Gaeil a gcuid féin de nuair a thagair siad do 'sencál Connacht' in Annála na 13ú haois (*passim*). Dá bhrí sin, is furasta glacadh le 'seanascal' mar eilimint i logainm, agus oireann an t-athchóiriú *Baile an tSeanascail* (23) dó mar leagan Gaeilge ar *Seneschalstown*.

¹²⁸ Féach an chosúlacht idir an #T in *Tuiterath*, an #T in *Thurstianstown* agus *Thomas* (in *Flemmingtowne*) agus an #S- in *Slane* ar léarscáil Wilson.

¹²⁹ Tugtar faoi deara go bhfuil ceithre shampla scríofa sa cháipéis. Tá foirm amháin eisceachtúil *Senshallstone* (4) ina measc.

¹³⁰ Léiríonn lucht na SO amhras faoin leagan *baile shinsil* (22) - cuireadh líne tríd an taifead sin, féach *logainm.ie* 2010.

[88] THURSTIANSTOWN (ainm Gaeilge le deimhniú *logainm.ie*)

Is tríd an mBéarla a tháinig an sloinne seo atá nasctha le s + TOWN, de réir nós na gcoilíneach in Éirinn.

1)	1529	Thurstyneston	Hen VIII 48/90 CI 1991:27
2)	1535	Thursteneston	Hen VIII 78/110, <i>ibid</i> :45
3)	1538-9	Thurstenston	CP&CI R i, Hen VIII <i>srl</i> :37, 21.
4)	1560	Thurstenston	<i>ibid</i> : 452, 119
5)	1569	Thurstenston	<i>ibid</i> :531
6)	[1588]	Thurstone x 2 Thurlenstone ?Surestone Thurstenstone x 2	Eliz 191/123 (3), CI 1991:277, (Fonóta 3: D& W R/C 10/3 p.268)
7)	?1598- []	?Thorsteniston ¹³¹	Eliz :6, Inq Lag
8)	1633	Thirsanston	Car I 85, Inq Lag (= Inq.Car1, TS <i>logainm.ie</i>)
9)	1636	Thurstinston	Car 1:118 <i>ibid</i> ¹³²
10)	1654 - 56	Thirstianstowne Thirstinstowne X 4 Thirtinstowne	CS:43 43, 44 (X 3) 49
11)	1655-9	Thurstians Towne	Is BN, Goblet:363
12)	1657	Thurstianstowne Thurstianstowne Thurstianstowne	DS An Index of Townes Names ... DS 4, Liosta na mbailte fearainn in <i>Parrish of Painestowne</i> DS Is:The Parrishes of Knockhammon Painestowne Kentowne and Brownestown and Fennor by Edw ^d Wilson
13)	1659	Thirlingston	Census:481
14)	1663	Thursanstowne	Car II 3 Inq Lag ¹³³
15)	1663	Thursanstowne	Car II 4 <i>ibid</i>

¹³¹ Is deacair a bheith cinnte an mbaireann an *Thorsteniston* i liosta na logainmneacha sa cháipéis seo le hábhar nó nach mbaireann. Seo é an liosta: ‘... Burreleston, ... Braeston Bellandyne, Tallaghamethan, Ballmaconly, Kydnoreston, Orbeston & *Thorsteniston*... Pilledston ...Thomaston... Killeene ... baon de Slane....’; tá *Bryanston al’ Braieston* le fáil in Car I, 118, féach (9) sa Tábla.

¹³² cf. ‘Rob’ Barnewell, nup de Stacallen in co’Mic’, seis’ fuit, ad us’ Ric’ Aylemer de Dullardston, Thurstinston, Sensiallston & Rowlandston in co’ pd’, contin’ 1 dom’ lapid’, 10 mes’, 1 columbar’, 1 molendin’ fullonic’ & 662 acr’ ter’ arrabil’ in Tankardston ... & **Bryanston al’ Braieston** in co’ pd’, ... - Sic seis’ p’fat’ Ric’ Aylemer, ...& Jac’ Kelly de Dullardston... pmiss’ tenent r de Re in capite’ (*op cit*).

¹³³cf. ‘Jac’ Aylmer nup fuit proprietor vil’ & ter’ de Thursanstowne, in poch’ de Painstowne, contin’ 198 acr’;’ (*op cit*).

16)	c 1668	Thurstinianstowne 15	BSD Index
		Thurstianstowne	<i>ibid</i> 15, 1666 sa téacs
17)	1672	Thurstians Towne	Is HD, Goblet:363
18)	1792	Horses Town	Hearth Money Rolls MS 26736 sa LN
19)	1812	Thurstenstown X 2	Is Larkin
20)	1812	Thurstenstown	Co Map 1812:AL,TT <i>logainm.ie</i>
21)	1824	Thirstianstown	HCSV:AL, TT <i>logainm.ie</i>
22)	[1830]	Thurstenstown	BS:AL TT <i>logainm.ie</i>
23)	1836	Thurstenstown	Russell, T.:AL, TT <i>logainm.ie</i>
24)	1836	Thurstanstowne	Quit Rents (Old Copy):AL, TT <i>logainm.ie</i>
25)	1836	Thirstianstown	GJ Rates, (Old Copy):AL, TT <i>logainm.ie</i>
26)	1836	Thurstianstown	JOD:AL, TT <i>logainm.ie</i>
27)	1836	Horsetown ¹³⁴	JOD:AL, TT <i>logainm.ie</i>
28)	1836	Baile thurr	pl JOD:AL, TT <i>logainm.ie</i>
29)	1835/6 revised 1899	Thurstianstown Ho	Is SO
30)	1836	Thurstenstown House ¹³⁵	OSL: 139
31)	2014	' <i>Thurstəns̩ təun</i>	fogharscríobh, fear áitiúil, Kentstown
		' <i>Thurstəns̩ təun</i>	Paul Kerby

Is i bparóiste Bhaile Phaghain/ Painstown i mbarúntacht Dhamh Liag, Contae na Mí atá an baile fearainn *Thurstianstown*. Is cosúil gur logainm dhá mhíre atá ann, agus tá s sealbhach an Bhéarla eatarthu. Is é TOWN an phríomheilimint agus tá an logainm faoin struchtúr SLOINNE + s sealbhach + TOWN.

Ba shloinne é *Thurstian*, a bhain le Contae na Mí agus le Contae Bhaile Átha Cliath sa 13ú haois. Tá foirmeacha éagsúla de le fáil i gcaipéisí Laidine de chuid na 13ú haoise, féach *Turstino capellano* AD c1202 (ICL:54 XLIV), *Magister I. Turstein* AD 1239 (*ibid*:49 XL) agus *Stephen Thurstan* circa AD 1298-99 (CDI 1293-1301: 327, 682)¹³⁶ mar shampla. Is mar *Thorsteyn* a fhaightear an sloinne sa 15ú haois:

¹³⁴ Nóta san AL: ‘vulgar... name’

¹³⁵ ‘There is a well in Thurstenstown TL within 80 perches of *Thurstenstown House* to the South, called Tobar Scartha’ (*op cit*).

¹³⁶ Tá malairt litrithe den sloinne le fáil freisin, féach AD 1285 *William Thorsteyn, Dublin* (CDI 1285-1292:41, 115), chomh maith leis an litriú a bhíonn ag daoine eile, féach *Stephen Thurstam (sic)* AD 1296-99 *Dublin* (CDI 1293-1301:156, 333), *Stephen Thurstan (ibid* 284, 589), *ibid*:298, 614, *ibid* :327,

AD 1420 : Walter Thorsteyn, tailor, of Rathfagh, grants to Richard Rath, clerk, and Walter Dawe, chaplain, his fee-simple lands in co. Meath; at the services due to the chief lords of the fee (23rd report ... Dublin 1891: 127, 784).¹³⁷

Is mar seo a mhíníonn Hanks & Hodges (1989) an sloinne *Thurston*:

1. from a medieval given name ON *Þórrstein* > Þórr + stein
[*Thor* = Dia na toirní agus *stein/ stone* = cloch]
2. habitation name from a place in Suffolk, so called from the gen. case of the ON personal name Þori + tún (532)

agus tugann siad malairt leaganacha *Thurstan/ Thursting/ Tustain/ Tustian* srl ar an ainm meánaoiseach (*ibid*). D'aithnigh Ó Donnabháin gur sloinne 'a family name' atá sa phríomheilimint *Thurstan* (OD:AL, TT *logainm.ie*).

Tharlódh go léiríonn an fhoirm *Thorsteniston* (7), nó *Thor-sten-is-ton*, an struchtúr ÞÓRR + STEIN + IS + TON.

Cé gurb é *Thurstyneston* (1) AD 1529, an fhoirm is luaithe den logainm a aimsíodh don staidéar seo, frítheadh tagairt sa bhliain 1467 do *Thurstonton* in *Suffolk* (CPR Ed IV, Henry VI 1467-77:12, March 15 Westminster). Is é an difear is suntasaí atá le feiceáil idir an fhoirm atá le fáil in *Suffolk* agus nach mór foirmeacha uile an bhaile fearainn *Thurstianstown*, ná go bhfuil an mhír shealbhach *-s-/ -es/ -is-* idir cáilitheoir agus *ton/ town[e]* i bhfoirmeacha an logainm i mBaile Phaghain na Mí agus níl sí le fáil i bhfoirmeacha *Suffolk*.¹³⁸

Is iad *Thurstyn* (1), *Thursten* (2) - (6), (19), (20), (22), (23), (30), *Thurstan* (24), *Thurstin* (9), (10), *Thirstian* (10) - (12), (16), (17), (21), (25), (26), (29), *Thirsan* (8) agus *Thursan* (15) foirmeacha an cháilitheora. Nósmhaireacht ortagrafaíocht an Bhéarla is cúis le saormhalartú *-ur-/ ir-* sa chéad siolla den logainm, féach *Thur-* (1) - (6), (9),

682.) Bhí leaganacha eile den sloinne le fáil sa 14ú haois freisin, féach *John Thurstayne*, AD 1311 *Dublin* (CJR 1300-14:222), *Thomas Thursteyne* AD 1311 *Kildare* (CJR 1308-14:175), *Robert Thurstayne* AD 1311 *Dublin* (*ibid*:219) agus *William Thursteyn* AD 1314 *Typerary* (*ibid*:320). Giorraíodh an sloinne le himeacht aimsire agus frítheadh trí leagan éagsúla a thagraíonn don fhear céanna sa 16ú haois, féach 'John Thirst, late ensign to Captain Dowdall, having many years discharged the parts of a tall soldier, and now lame and quite unprovided' (CSPI Eliz 1574-85: 356, 52) 'Petition of John Thurstey ... His dreadful wound with a poisoned bullet at the siege of the castle of Ballamore' (*ibid*:356, 53) agus 'Petition of John Thirste to the Queen. ... disabled at the siege of Beallaghe More' (*ibid*: 356, 54). Tugtar faoi deara go raibh deireadh an sloinne cailte faoin 16ú haois.

¹³⁷ Féach freisin *John Thorsteyn* AD 1424 (*ibid* 143, 892).

¹³⁸ Féach *-s-* sna foirmeacha (3) - (23), (26) (27) thuas, chomh maith le *-es-* (1), (2), agus *-is-* (6). Féach freisin na samplaí de logainmneacha i Sasana atá faoin struchtúr X + TOWN, gan an mhír shealbhach, atá tugtha san fhonóta deireanach de *Gilltown* [80]. Tháinig deireadh leis an *s* i logainmneacha Shasana, ach coinníodh leis i logainmneacha Dhamh Liag Íochtarach, ach amháin i gcás *Gilltown* [80].

(11), (12), (14) - (17), (19), (20), (22) - (24), (26), (29), (30), *Thir-* (8), (10), (13), (21), (25) agus *Horses Town* (18).

Tugtar faoi deara go bhfuil an défhoghar *-ia-* sa dara siolla den fhoirm *Thirstian-* (10),¹³⁹ (12), (16), (17), (21), (25), (26), (29). Tugtar faoi deara go bhfuil éagsúlacht ghutaí sa dara siolla neamhaiceanta sna foirmeacha eile thuasluaite. Comhshamhláodh *t* le *s* sna foirmeacha *Thirsan* (8) agus *Thursan* (14), (15). Tá na foirmeacha corra *Thurlen-* (6) agus *Thirling-* (13) ann freisin.¹⁴⁰ Léirítear mearbhall an scríobhaí in éagsúlacht na bhfoirmeacha *Thurstone/ Thurlenstone?/ Surestone /Thurstenstone* (6) atá uile le fáil in aon cháipéis amháin - is í an fhoirm *Thurstenstone* (6) an fhoirm is cruinne sa cháipéis sin. Is samplaí iad seo den mhíshlachtmhaireacht a fheictear go minic i gcáipéisí oifigiúla na tréimhse, cf. an Réamhrá. Samhlaím gur míléamh peannaireachta is chúis leis an túslitir san fhoirm *?Suren-* (6), mar go mbíonn *#T-* agus *#S-* an-chosúil lena chéile i lámhscíbhinní uaireanta.¹⁴¹ Fágadh siolla iomlán ar lár san fhoirm *Thurs-* (6).

Tugadh *Horses Town* (18) air ag deireadh na 18ú haoise. Deir Ó Donnabháin maidir le *Horsetown* (26), ‘Horsetown is the vulgar easily pronounced name’ agus rinne sé fogharaistriú Gaeilge air - *Baile thurr* (28). Faightear *h* in áit *th-* i gcanúintí áirithe an Bhéarla in áiteanna sa tír, ar ndóigh, agus iad faoi anáil na Gaeilge.¹⁴² Chomh maith leis sin, b’éasca an ‘th’ a cháiliúint agus /h/ a chur ina áit, mar is consan déadach cuimilteach neamhghlóraithe ‘th’ an Bhéarla.

Ach is logainm Béarla é *Thurstianstown*. Má bhí ainm Gaelach air roimh réimeas Anraí VIII, tá an t-ainm sin ceilte orainnn go fóill. Bhí baile i gContae an Dúin darbh ainm *Thurstayniston* ag tús na 14ú haoise (CDI 1302-1307: 205, 694). Gaelaíodh é ag pointe ama éigin, mar is *Ballytraton* atá anois air. Léiríonn foirmeacha coiteanna cháilitheoirí an logainm .i. HORSE agus TRATON go raibh deacrachtaí ar leith ag áitritheoirí na tíre THURSTIAN agus THURSTAYN a rá. Sílim go bhfuil sé dodhéanta *Thurstianstown* a ghaelú.

¹³⁹ Is cosúil le botún scríobhaí an easpa *-s-* i gcéad siolla *Thirtin-* (10), mar go bhfuil cúig fhoirm eile san fhoinsé chéanna, a bhfuil *-s-* sa chéad siolla iontusan.

¹⁴⁰ Is cosúil le botún beag scríobhaí é an litir *l* a bheith curtha in áit *t* sna foirmeacha *Thurlen-* (6) agus *Thirling-* (13). Tharlódh gur samhlaíodh don scríobhaí go hearráideach, go mba mhaith é an mhoirféim *-ing* a bheith ag deireadh *Thirling*.

¹⁴¹ Dírfódh aird cheana ar an gcosúlacht a bhí idir na ceannlitreacha S agus T ar léarscáil Wilson sa DS, féach *Seneschalstown* [87].

¹⁴² Féach /inis'ko:rhi:/ a bhíonn i gcanúint Bhéarla an bhaile *Enniscorthy*. Ní foláir gur ón nGaeilge Inis Corthaidh a thagann sé sin.

Barúntachtaí: Damh Liag Íochtarach/ Damh Liag Uachtarach

Paróiste: Baile Phiarais/ Piercetown

[89] BAILE PHIARAIS/ PIERCETOWN

1)	1212	... de Legno	Reg Kilm:139
2)	1286	Lecno X 2	CGR:61, f.75
3)	1306	Lekno	CJI 1305-1307: 255
4)	1302-06	Lecno	CDI 1302 -1307:262, Tax 714
5)	1306	Lekno	CJI 1305-1307:313
6)	1307	Lekno	CJI 1305-1307:392
7)	1449	?[a] Perston	SRPI Hen VI: 126
8)	1475-76	[de] Perston laundey [de] Perstonlaundey X 2	SRPI ii: 326
9)	1538-9	Perstonlandy	CPCI R i, Hen VIII:36, 6
10)	1541	Porstonlawndy <i>alias</i> Lethne Porstonlawndy [= Piercetown Meath]	Hen VIII 143(13) CI 1991:90, <i>ibid</i> :703, innéacs
11)	1543	Perston Landy	Hen VIII 170/141, <i>ibid</i> :102
12)	1562	?Pierston	CPCI R i, Eliz:475, 19 ¹⁴³
13)	1570	Pyerston Laundry Pyerston Laundry	Eliz 55/189, CI 1991:199 <i>féach freisin</i> Eliz 57/40 <i>ibid</i> :199
14)	1591	Peerstown Lawndie <i>alias</i> Lechnoe	Eliz 205/138 <i>ibid</i> :285
15)	1605	Pierstownlaundy	J I 32 <i>ibid</i> :337
16)	1620	?Pierston	Jac I:44 Inq Lag ¹⁴⁴
17)	1622	Pierstonlaundye	A 40 <i>ibid</i> :454
18)	1629	Pierston Laundye Pierston Landy <i>alias</i> Lecknoe [Pierston, Haukinston (DU)]	CI 32, Deed. English. CI 1991: A42, 455 ?féach (17), (18) thíos
19)	1633	Pierston laundy Pierstonlandye al' Lecnoe Pierstonlandye X 3	Car I 83 Inq. Lag

¹⁴³ 'Presentation of Edmond Mastalle to the rectory of Pierston; in the dicese of Meath, vacant by the death of Gerald Dalton, and in the donation of the Crown in full right;...' (*op cit*).

¹⁴⁴ Luaitear *Balgeeth, Mananston, Molleston, Haukenston, Ardcath, Boynyngston* srl sa cháipéis seo freisin. Mar sin, caithfidh sé go mbaineann an *Pierston* seo le Damh Liag Uachtarach.

- 20) Navan Peirstonlaundy al' Leckno Car I 157 *ibid*
gan dáta? Peirstonlaundy
i ndiaidh Peirstownelaundy &
1640 Hawkinston¹⁴⁵
Pierstonlandye al' Leckno
[maner' de] Pierstonlandye al'
Leckno
[Peirstownelaundy & Hawkinston,
DU]
- 21) ? i Pierstonlandy Car I 160 *ibid*
ndiaidh Pierstonlaundy al' Leckno
1640 Pierstonlandy
Pierston-landy al' Leckno
[Pierstonlaundy &
Hawkinston(DU)]
- 22) 1654-56 Peircetowne [P] CS V:2
Parish of Peircetowne/ 40
Peir[c]etowne/([P])
Peircetown ([P]) 40¹⁴⁶
Peircetowne x 4 40
Peirsetowne Piercetowne x 2 41
Peircetowne 50
Peircetown
- 23) 1654-57 [Peircetowne 2 *recte* DU]¹⁴⁷ DS An Index of Townes Names
[Christopher Golding] Peircetowne with the pages where to find them
(*recte* DU)] (DS:AL TT *logainm.ie*)
[The Parrish of Peircetowne (*recte* The Barrony of Dulecke in the
DU)] County of Meath by W^m Morgan.
Peircetowne *recte* DU)] An exact copy by Dan^l O Brien surv^r.¹⁴⁸
- 24) 1659 [?] Pyerc towne (*sic*) [P,?DU] Census :480
[?] Pyerc towne [Hawingstown díreach ina dhiaidh]
- 25) 1663 Pierstowne Car II 3 Inq Lag¹⁴⁹
- 26) c1668 Piercetowne 9 BSD Index
?Piercetown Parish 9 *ibid* 9, Teideal sa téacs
?Piercetowne 1666 sa téacs
?Comons to y^e same *ditto*
- 27) 1691 Peerstown [P] Eliz 205/138, CI 1991:285

¹⁴⁵ Is dócha go mbaineann an sampla seo le Damh Liag Uachtarach.

¹⁴⁶ cf. 'Proprietors in 1640 and their qualifications: Widdow Golding/ Goldeinge of Peircetowne Irish Papist (*ibid*: 40, 41).

¹⁴⁷ = Barúntacht Dhamh Liag Uachtarach

¹⁴⁸ Féach freisin an léarscáil de chuid an DS: *The Parishes of Ardcath Piercetowne Clonalvy* [DU] *An Exact Copy by Dan^l O Brien Surv^r*.

¹⁴⁹ Is i gcomhthéacs: 'in poch' de Pierstowne contin' 97 acr', 2 rod' & 16 p^{tic}' a fhaightear an logainm. Luaitear 'vil' & ter' de Lauderstowne in poch de Duleeke' sa cháipéis freisin.

		Peerstown Lawndie <i>alias</i> Lechnoe	
28)	1786	Pierstown Alias Leckno, or Pierstownlandy	Archdall Mon Hib (White):567
29)	1812	Piercetown Piercetown [P]	Co Map, TT <i>logainm.ie</i>
30)	1824	Piercetown Lands Piercetown[P]	HCSV:AL, TT <i>logainm.ie</i>
31)	c1830	Pearcetown Parish of Pearcetwon (<i>sic</i>)	BS:AL, TT <i>logainm.ie</i>
32)		Piercetown Lands Piercetown [P]	GJ Rates (Old Copy):AL, TT <i>logainm.ie</i>
33)		Piercetowne Piercetown [P]	Quit Rents (Old Copy):AL , TT <i>logainm.ie</i>
34)	1838	Piercetown [P]	JOD TT <i>logainm.ie</i>
35)		Piercetownlandry (<i>sic</i>) [P]	HC Educ Rpt.:AL
36)	1838	Baile Phiarais [P] ‘Pierce’s town’	JOD TT <i>logainm.ie</i>
37)	1837	Piercetown [gar go Ballymagarvey & Kentstown]	Is SO ¹⁵⁰
38)	2010	----- [DÍ] [Piercetown] [DU]	Is 43 SO. Níl Piercetown DÍ marcáilte. ¹⁵¹
39)	2014	'pi: rʃ təun	fogharscríobh, Paul Kerby

Piercetown atá ar dhá pharóiste i mbarúntacht Dhamh Liag, a bhfuil ceann díobh i mbarúntacht Dhamh Liag Íochtarach agus an ceann eile i mbarúntacht Dhamh Liag Uachtarach. Pléifear an dá *Piercetown* anseo, cé go bhfuil sé an-deacair a bheith cinnte cé acu a bhíonn luaite sna foinsí éagsúla in amanna. Sílim nach bhfuil *Piercetown* i nDamh Liag Íochtarach aitheanta sa DS, féach (23) thuas,¹⁵² ach is ansin atá sé le fáil de réir an AL agus de réir *logainm.ie*. Sílim go mbaineann na tagairtí do *Peirstownelaundy & Hawkinston* (19) agus *Pierstonlaundy & Hawkinston* (20) leis an mbarúntacht *Damh Liag Uachtarach* freisin, cé go bhfuil tagairtí ábhartha do bharúntacht Damh Liag Íochtarach luaite sna foinsí céanna in éineacht leo. Is deacair a rá go deimhneach go dtagraíonn *Pyerc towne* (24) do *Piercetown* i nDamh Liag Íochtarach. Is dócha nach raibh an bharúntacht roinnte an t-am a tógadh an daonáireamh

¹⁵⁰ Tá *Piercetown* [P] eile i mbarúntacht Dhamh Liag Uachtarach atá suite ó dheas den pharóiste Ard Cath/ Ardcaith.

¹⁵¹ Tá *Balrath* marcáilte.

¹⁵² Is le Damh Liag Uachtarach a bhaineann *Christopher Golding* de *Peircetowne* (23). Ní fhacas *Piercetown* marcáilte ar an DS san áit a bhfuil Damh Liag Íochtarach anois.

sa bhliain 1659 agus tá meascán de bhailte fearainn san fhoinsé sin (Census 1659), a bhaineann leis an dá leathbharúntacht. Ar ndóigh, bheinn in amhras gurb ann do *Piercetown*, Damh Liag Íochtarach ar chor ar bith, murach go bhfuil sé marcáilte ar léarscáileanna a tarraingíodh sa 19ú haois, féach (37) sa Tábla. Tá an *Piercetown*, Damh Liag Uachtarach ar an gcósta agus tá an paróiste *Timoole*, barúntacht na Scríne, idir é agus an *Piercetown* atá i nDamh Liag Íochtarach de réir na léarscáile sin (37).

Is logainm laghdaithe é *Piercetown* de na foirmeacha *Perston laundey/ Perstonlaundey* (8), *Perstonlandy* (9), *Porstonlawndy* (10), *Perston Landy* (11), *Pyerston Laundry* (13), *Peerstown Lawndie* (14), (27) *Pierstownlaundy* (15), *Pierstonlaundye* (17), *Pierston Laundry/ Pierston Landy* (18), *Pierston laundy* (19), *Pierstonlandye* (19), *Peirstonlaundy/ Peirstownelaundy/ Pierstonlandye* (20), *Pierstonlandy/ Pierstonlaundy* (21), *Pierston-landy* (21), agus *Piercetownlandry* (35) a bhíodh mar ainm ar an bparóiste idir an 16ú haois agus an 19ú haois.

Níl fhéadtar a bheith cinnte faoi cé acu paróiste lena mbaineann an *Perston* (7) atá le fáil i gcáipéis Fraincise ón 15ú haois, mar níl aon leid le fáil sa téacs a chinnteodh a shuíomh bealach amháin nó bealach eile. Luaitear thíos cuid de théacs na cáipéise ábhartha, mar is scéal spéisiúil é ar ar tharla do *Cristofre Plunket* de *Killene* [?An Cillín /*Killeen*, Paróiste Chillín, barúntacht Na Scríne]¹⁵³ a bhí ag iarraidh caisleán a thógail ‘a *Perston*’ (7) de réir scéime a bhí ag Anraí VI.¹⁵⁴ Léirítear meon an choilínigh agus comhthéacs polaitiúil an ama sa téacs. Mar sin tabharfar blaiseadh de thíos:

Et puis **aps** le dit Christofre vient en la Chauncie **nre** dit **Sr**
le Roy **t** illeosqes trouast suerte **p^f** **leu** tiel Chastell a **Perston**
deins la **libte** de **Mith** solong la fo^rme du dit orden^ance **t**
auoit **Irez** patenz **nre** le Roy directe al Seneshall du dit **libte**

¹⁵³ Siar ó dheas ó *Balrath*, paróiste *Piercetown*, paróiste na Scríne atá an *Killenn* seo, más é an *Killene* céanna atá luaithe sa tagairt seo. Thóg Geoffrey de Cusack caisleán ansin sa 12ú haois (Hickey 1994:93). Phós na Pluincéid isteach ann sa bhliain 1399 (http://www.mostyn.com/wc27/wc27_482.htm).

¹⁵⁴ ‘le Roy de sa tre dirland Ordeine fuit **q** chescun home **q** voleit **leu** vne Chastell deins la **libte** de **Mith** ou en le Croce de dit **libte** conten^ant xl peez in haut [= 40 troigh ar airde] **t** xv in longure [15 troigh ar fad], **t** xij peez en laour [agus 12 troigh ar leithead] ou pluis dedeins lez murez [nó níos mó taobh istigh de na ballaí] qil viendi en la Chauncie **nre** **S^f** le Roy [go dtaga sé isteach chuig seansaíreacht ár dtiarna an Rí] deins sa tre dirland **t** illeosques troua suerta [... urraí a fháil] **p^f** **leu** le dit Chastell [chun an caisleán thuasluaite a ardú] **q** celuy home **q** issint troua suerte doit [go gcaithfeadh sé urraí a fháil] **au** lez lres patentez [litreacha paiteanta] **nre** **S^f** le Roy **p^f** **leu** de chescun charue de tre dedeins la dit **libte** [... chun bórmha as gach uile seisreach taobh istigh den *libte* (= *liberté*) a bhaint] **t** la Croce dicell viij d [8d] **t** **q** le dit home **q** doit **leu** son Chastell dedeins iij ans **ps**cheine **aps** la date dez **Irez** patent [... agus go gcaithfí an caisleán a ardú taobh istigh de trí bliana i ndiaidh dáta na litreacha paiteanta]. Et sil le dit Chastell dedeins lez ditz iij ans ne veuast [mura dtógfáil an caisleán taobh istigh de thrí bliana] **q** adonqes il tsez suertez encourgent la peyne de xx marcez [cuirfear fíneáil de 20 marc ar na hurraithe] a paier a **nre** dit **S^f** le Roy... [le h-íoc lenar dTiarna an Rí]’ (*op cit*).

p^r leu lez ditz viij **d** de chescun charue de tre solonq la fo^rme **t** effecte du dit orden^ance Et p^r ceo **q** le dit Seneshall ne ad leue fors**q** vi s viij **d p** force dez ditz lres patentz ne le dit Christofre ne ad receyue null denere du dit Senesh[all] sicome le dit Christofre ad **pue p** son sment Ordeine est **t** accorde **p** auctorite du dit paroement **q** le dit Cristofre **t** sez suertes soient dischargez des ditz xx marcez Et **q** lez ditz lrez patenez ent faitz al dit se[neshall] soient voidez **t** nulez en ley (SRPI Hen VI: 126-28, achoimrithe san fhonóta).¹⁵⁵

Léiríodh foirmeacha malairteacha an logainm ón 17ú haois go dtí an 19ú haois trí leas a bhaint as *alias*, féach *Porstonlawndy alias Lethne* (10), *Peerstown Lawndie alias Lechnoe* (14), *Pierston Landy alias Lecknoe* (18), *Pierstonlandye al' Lecnoe* (19), *Peirstonlaundy al' Leckno/ Pierstonlandye al' Leckno* (20), *Pierstonlaundy al' Leckno/ Pierston-landy al' Leckno* (21), *Peerstown Lawndie alias Lechnoe* (14), (27) agus an sampla a bhfuil ord an *alias* athraithe thart .i. *Pierstown Alias Leckno, or Pierstownlandy* (28). Is léir mar sin gur *Legno*¹⁵⁶ (1), *Lecno* (2), (4), *Lekno* (3), (5), (6) a bhí ar an áit sin sular tugadh *Perston laundey* srl air. Scríobhadh na leaganacha laghdaithe de *Peircetowne [Parish]/Peircetown[e]/Peirsetowne/ Peirsetowne [Parrish]* (22), (23), *Peerstown* (27) sa 17ú haois. (Tá an ‘alias’ *Leckno* le fáil freisin sna paróistí - *Inishmot (Leckno)*, Dún Bóinne (*Leckno*), Balrathboyne (*Leckn[.]*) de réir an AL.

Cé is moite den fhoirm eisceachtúil *Piercetownlandry* (34) ón 19ú haois, is leaganacha laghdaithe de *Piercetown* atá le fáil i gcáipéisí na 19ú haoise, féach *Piercetown* (29), (30), (32) - (34), (37) agus *Pearcetown* (31). Mar sin, má fhágtar TON/ TOWN[E] as an áireamh, tá trí eilimint le cíoradh. Is iad sin:

- (i) *Piers*
- (ii) *Legno / Lec[k]no[e]* agus
- (iii) *landy*.

(i) Maidir le *Piers*, deir Woulfe

¹⁵⁵ Le scéal fada a dhéanamh gearr, fuair *Christofre* litreacha paiteanta agus urraí faoi mar a luadh i dtéarmaí na scéime agus bhí an seanascal ceaptha 8 bpingin a ghearradh ar gach uile seisreach chun luach an chaisleáin a chruinniú. Trí bliana ó dháta na litreacha paiteanta a bhí ag *Cristofre* chun an caisleán a thogáil, ach ní dhearna sé é sin - ceal airgead is cosúil. Toisc nár chomhlónaigh an seanascal na téarmaí a bhí leagtha síos - níor bhailigh seisear ach 6 scilling 8 bpingin (luach 10 seisreach, ag 8d an seisreach) - scaoileadh le *Cristofre* agus lena urraí ón bhfíneál de 20 marc (féach fonóta roimhe seo), agus cuireadh na litreacha paiteanta ar ceal.

¹⁵⁶Féach: *Legno* (Leckno), otherwise Pierston-Laundy, Co Meath (Reg Kilm 1326-1339:144). Féach freisin *ibid*:143.

Piaras - Pierce. Pierse. Pearse &co - son of Piers and Anglo-Norman form of Petrus ... very common among the early Anglo-Norman settlers in Ireland...¹⁵⁷

Is iad na foirmeacha atá le fáil de ná: *Pers-* (8), (9), (11), *Pors-* (10), *Pyers-* (13), *Piers-* (15) - (21), (25), *Peirs-* (20), *Peirce-* (22), (23), *Pierce-* (22), (29), (30), (32) - (35), (37), *Pyerc-* (24), *Peers-* (14), (27), *Pearce-* (31).

Bheifí ag súil le mír shealbhach idir SLOINNE agus TON, mar is é sin an struchtúr is coitianta a bhíonn le fáil i logainmneacha a bhfuil TON/ TOWN[E] iontu sa leathbharúntacht i ndiaidh theacht na Normannach, ach is cosúil go bhfuil comhshamlú déanta idir *-s#* de *Piers* agus *s* na míre sealbhaigh, mar go gcríochnaíonn *Piers* in *-s#*. Is é sin go bhféadfadh sé go bhfuil an mhír shealbhach intuigthe san fhoirm *Pierston*.

(ii) Maidir le *Leckno*, míníonn Archdall *Pierstown alias Leckno*, nó *Pierstownlandy* mar a leanas:

Pierstown; alias Leckno, or *Pierstownlandy*, is situated in the barony of Duleek and five miles south of that town. Conry informs us, that the abbey of Lecknagh in the county of Meath, was founded AD 750 (1786:567).¹⁵⁸

Suíonn <http://monasticon.celt.dias.ie/showrecord.php?id=4365> *Leckno* i bparóiste *Piercetown* i mbarúntacht Dhamh Liag Uachtarach agus luaitear tagairt Archdall (*op cit* thuas) agus Cogan (1862:150-1) mar údaráis air, agus cuirtear an dá nóta a leanas ar fáil leis:

church ruin (late medieval) graveyard
necessarily a pre-reform site? founded c. 750
(Conry in Archdall *op cit*).

Is léir mar sin, go mbíodh mainistir sa *Piercetown* sin [DU], agus is iad na foirmeacha stairiúla *Legno*¹⁵⁹ (1), *Lecno* (2), (4), *Lekno* (3), (5), (6) (sa tuiséal tabharthach) a scríobhadh dó idir na blianta 1212 agus 1307.

Bhí *Perston* á cháiliú le *laundey* faoin 15ú haois, féach *Perston laundey* (8). Bhaintí leas as foirmle an *alias* idir lár na 16ú haoise agus deireadh na 17ú haoise chun

¹⁵⁷ Féach freisin *John Pieres* AD 1299 (CJI 1295-1303:291) agus *John Peres* AD 1302 *ibid*:395-96. Luadh an bheirt seo i gcomhthéacs cásanna cúirte Bhaile Átha Cliath.

¹⁵⁸ Níor éirigh liom tagairt Archdall do *Conry* a aimsiú.

¹⁵⁹ Féach McNeill (gan dáta):*Legno* (Leckno), otherwise *Pierston-Laundy*, Co Meath (Reg Kilm 1326-1339:144). Féach freisin *ibid*:143.

an ceangal idir *Pierstownlandy* agus *Lethne* (10),¹⁶⁰ *Lecknoe* (18), *Leckno* (20), (21), *Lechnoe* (27)¹⁶¹ a léiriú. Tharlódh gur de bhunadh na Gaeilge a thagann an eilimint *Lecknoe/Leckno* srl,¹⁶² De réir Archdall bhí mainistir eile suite in *Leckin* san Iar Mhí (1786:722).¹⁶³

(iii) Maidir leis an tréimh heilimint *-laundey* (8), *-landy/Landy* (9), (11), (21), (28), *-lawndy* (10), *Lawndie* (14), (27), *-laundy* (15), (19), *-l/Laundye* (17), (18), *-landye* (19), (20), *-laundy* (19), *Lawndie* (27), *-landry* (35), ní dócha gurb é an sloinne Francach

Landy var. *Landi* nom de localité d'origine *Le Landy*
(Seine-et-Marne) (Morlet 1991:581)

bunús na heiliminte, mar tá an Département *Seine-et-Marne* achar fada soir ó dheas ón Normainn.

Ar ndóigh tá an sloinne céanna *Laundy/Landy* ag MacLysaght ([1957] 1985:190,188),¹⁶⁴ ach deir seisean gur bhain an sloinne sin le Cill Chainnigh agus le Tiobraid Árann. Ní fhiosrófar anseo ar phós duine de mhuintir *Laundy/Landy* isteach sa cheantar, mar go bhfuil fianaise ann go raibh ceangal cinnte leis an gceantar ag dream a raibh an sloinne cosúil *de Laune/de Launey* orthu, mar a phléifear anois.

Tharlódh gur ó leagan truaillithe den sloinne *de Laune/de Launey* a thagann an eilimint *-landy/Landy* srl; luadh *Peter de Laune* le *Lecno* sa bhliain 1286, féach:

Letter concerning the yearly rent of *Lecno*. Be it remembered that *Peter de Laune* granted to Reginald Brun four marks of rent to be levied from three carucates [of land] in the tenement of *Lecno*... (2).

¹⁶⁰ D'fhéadfadh sé gur mí léamh ar *-ck-* atá sa *-th-* de *Lethne* agus gur malairt léirithe ar an nguta neamhaiceanta atá san *-e#* ag deireadh na foirme.

¹⁶¹ Sciarradh pinn is cúis le *-ch-* in *Lechnoe* seachas *-ck-* [**Lecknoe*] is dócha.

¹⁶² *lecca* (n stem, neut. later fem, *leccne* sa tuiseal tabharthach DIL 68-69). Is dócha gur fhás *Lecknagh* as LEACA + tuis tabh + ACH. Féach freisin: *Leaca* 'side/ slope of hill' gin. *leacan*, Ain. Iolra *leicne* gin Iolra *leacan* FGB. Féach freisin: 'From *leac*, a flagstone, we have *leicne*, a little flag – a place full of flagstones which gives name to Lickny in the par of Mayne in Westmeath ... Dunleckney Carlow, Drumleckney Antrim ...' (Joyce c 1870:27). Féach freisin an phlé ar an iarmhír *-nach* 'full of/ abounding in' (*ibid*:3, 6).

¹⁶³ Féach freisin '... *Leacain Midhe* - Now Leckin near Bunbrusna in the co of Westmeath' (ARÉ ii:1060, fonóta w, AD 1139). Is cosúil gur thóg Cruimin, a bhí comhshaolach le Feichín d'Fhobhar (7ú haois) teach pobail ansin. Tugadh *Leacain-mor-Midhe* air de réir nóta a scríobhadh ar *Feilire Aenguis* sa LB [= ceann d'fhoinsí FO] (ARÉ i:349, fonóta g).

¹⁶⁴ 'from the Norman *de la Launde* (*launde*, a glade) in KK and TÁ since the 13th century...' (*op cit*). Is cosúil go raibh sé i mBÁC freisin, féach gur luadh 'ecclesie nostre de Landeyston iuxta Baliogary/ ecclesie de Landeyston' sa bhliain AD 1334 (Reg Kilm:55).

Luadh *Peter* agus *Geoffrey de Launey* leis sa bhliain 1306:

Peter de Launey by *Geoffrey de Launey* his guardian complains ... 20 acres of land in *Lekno* in dower of Margery (5).

Luadh *Hugh del Auney* le *Lekno* sa bhliain 1306 freisin:

Will Bole, Robert Morton and *Hugh del Auney* ... by abetting and instigation of Geoffrey came to Richard's house of Rathscyndern and took two horses of his value 44s and brought them to Geoffrey's house of *Lekno* (3).

Tá sloinnteach cosúla san Fhrainc inniu, féach:

Delaune, nom topographique indiquant la maison caractérisée par un aune < lat. *alnus*.¹⁶⁵ Dérivatives avec le suffix collectif *-etum*: Delauney, -ey, -launois, -launay, voir AUNAY ... (Morlet 1991:304)

Féach freisin gur fhás *Aunay* as *Aulne/ Aune* (< lat. *alnus*) agus go bhfuil sé coitianta mar logainm ar bhailte beaga agus ar cheantair sa Fhrainc thuaidh (agus thoir)

nom de l'arbre caractéristique de la maison ... , fréquent comme nom de hameaux et de lieux-dits dans le Nord et l'Est (*ibid*:58).

Faoin 15ú haois ba chosúil gur cuireadh /d/ ionsáiteach isteach sa sloinne (forbairt fhoghraíoch ar analach leis an bhfocal 'land', b'fhéidir) - luadh *Thomas laundey* in AD 1475-76 (8), agus bhí an /d/ ionsáiteach le sonrú ar eilimint an logainm freisin, féach -*laundey* (8). Leanadh le scríobh an /d/ ionsáiteach i gcaipéisí idir an 16ú haois agus an 19ú haois, féach -*landy* (9), (11), (21), (27), *Landy* (18), -*lawndy* (10), *Laundy* (13), -*laundy* (15), (20), (21), -*laundye/ Laundye* (17), (18), -*landye* (19), (20), -*laundy* (20), (21), *Lawndie* (14), -*landry* (35). Sílim gurb é /ã/ guta na Fraincise, atá léirithe sa chéad siolla de -*landy/ -laundy/ -laundie/ -laundye/ Lawndie* agus go bhfuil córas litrithe na Fraincise le sonrú i litriú na foirme a bhfuil -*an-* inti, agus córas litrithe an Bhéarla le feiceáil sna foirmeacha a bhfuil -*aun-/ -awn-* iontu.

¹⁶⁵ Fearn atá i gceist le *alnus*. Tógadh báid as *alnus* (Latin-English Dictionary (Smith 1855) revised Lockwood 1959:38). Is é seo an dara huair a d'fhéadfadh *fearn* a bheith i gceist le logainm na leathbharúntachta, féach *Balsaran* [27].

D'fhéadfaí a fhiafraí, cén fáth ar coinníodh an t-eireaball seo *-landy/ Landy* srl leis an logainm *Piercetown* sna céadta i ndiaidh muintir *de Laune/ de Launey/ del Auney* a bheith san áit? B'fhéidir gurb é freagra na ceiste sin ná go raibh gá le breis sainithe ar an logainm *Piercetown*, mar go raibh (agus go bhfuil i gcónaí) níos mó ná *Piercetown* amháin sna leathbharúntachtaí Damh Liag Íochtarach agus Damh Liag Uachtarach.¹⁶⁶ Tá fianaise stairiúil ann go ndéantaí idirdhealú idir na *Piercetown* éagsúla, ní hamháin i gContae na Mí, ach in áiteanna eile chomh maith: tagraíodh do *Perstoñ iuxte Kenlys* in AD 1470 (SRPI Ed IV i:672), do *Pearston juxta Kells/ Pierston tenentr ut de maner' de Kells* in AD 1628 (Car I, 47, Inq Lag), do *Peirston juxta Kells/ Peirston* in AD 1637 (Car I, 138, *ibid*), mar shampla. Tá tagairtí ón 17ú haois do *Pierston, Haukinston* (Damh Liag Uachtarach) i gcáipéis (18), chomh maith leis na tagairtí do *Pierston Laundrye* agus do *Pierston Landy alias Lecknoe*, mar atá cláraithe sa Tábla thuas, agus tá tagairt eile do *Pierstonlaundy & Hawkinston* (Damh Liag Uachtarach) i gcáipéis (20) thuas freisin. Tagraíodh don *Pierstown* i nDún Bóinne mar *Pierston-marshall Donboyne/ Donboine* sa bhliain 1618 (Jac I, 22 Inq Lag). Luadh *Pearston* [CD] in AD 1635 agus *Peirstown* [?CD] in AD 1638 (Car I, 111, *ibid*),¹⁶⁷ chomh maith le *Pierston & Ballycowell* (Car I, 143, *ibid*).¹⁶⁸ Chláraigh Goblet níos mó ná *Peircestowne* amháin i dTÁ, chláraigh sé péire díobh idir pharóiste agus bhaile fearainn san Iar Mhí, chomh maith le ceann amháin eile i Loch Garman agus péire eile in *Eastmeath*, a raibh ceann díobh sin i *mBall Fechan East Meath* (Goblet:328) agus an ceann eile in *Dunboine* (*ibid*:39).

Go hachomair, bhí (agus tá) níos mó ná *Piercetown* amháin i nDamh Liag Íochtarach agus i nDamh Liag Uachtarach. Ba leagan de *Lecno* a bhí ar cheann díobh ar dtús agus luadh muintir *Launey/ [de]l Auney* le *Lecno*. Le himeacht aimsire is cosúil gur cuireadh /d/ ionsáiteach roimh shiolla deireanach an tsloinne *Launey/ [de]l Auney* as a tháinig *laundy/ landy* srl. Ansin, tharlódh nuair a athraíodh an logainm go leagan de *Piercetown* gur cáilíodh le *laundy/ landy* srl é, mar go raibh gá le hidirdhealú a dhéanamh idir é agus roinnt áiteanna eile a raibh *Piercetown* mar logainm orthu.

Chinn Ó Donnabháin ar an leagan Gaeilge *Baile Phiarais* (36) don pharóiste *Piercetown* sa 19ú haois. Agus O'Conor ag scríobh faoi bhailte fearainn a mbaineann a

¹⁶⁶ Thángthas, mar shampla, ar *Pierston* AD 1562 (12) agus ar *Pierston* AD 1620 (16) le linn an staidéir seo; níobh fhéidir a bheith cinnte ar bhain siad le *Piercetown*, Damh Liag Íochtarach nó le *Piercetown*, Damh Liag Uachtarach.

¹⁶⁷ Níl aon leagan Gaeilge deimhnithe don *Piercetown* seo go fóill ar *logainm.ie* (2013).

¹⁶⁸ Tá an dá áit seo ar liosta bhailte Chill Dara. Níl aon taifead de *Ballycowell* ar *logainm.ie*

mbunáite le Damh Liag Uachtarach,¹⁶⁹ scríobh sé:

Pearcetown Parish is called *Baile Phiarais* ie villa Piarasii.
There is an old church in ruins in the Townland of
Pearcetown called *Teampall (sic) Bhaile Phiarais*
cemeterium Villae Piarasii... (OSL:162).

Tá na leaganacha Gaeilge *Baile Phiarais* agus *Baile an Phiarsaigh* deimhnithe don logainm i gcontaetha éagsúla de réir *logainm.ie* agus is é an leagan *Baile Phiarais* atá deimhnithe don pharóiste i mbarúntacht Dhamh Liag Íochtarach.

Tá bailte fearainn (agus paróiste) leis an ainm *Piercetown* orthu le fáil inniu i mBÁC,¹⁷⁰ i gCD,¹⁷¹ i LG,¹⁷² san IM,¹⁷³ i gCo (X 2)¹⁷⁴ agus i dTÁ (X 2),¹⁷⁵ chomh maith le cúig bhaile fearainn a bhfuil *Piercetown* orthu i gContae na Mí. Tá na bailte fearainn sin le fáil sna paróistí a leanas: *Inismot*, barúntacht Bhaile Shláine Íochtarach; *Dún Búinne/ Dunboyne*, barúntacht Dhún Bóinne; *Baile Phiarais/ Piercetown*, barúntacht Dhamh Liag Uachtarach; *Baile Fhiacháin/ Balfeaghan*, barúntacht Dhéise Uachtarach; agus *Baile Ráth Baoithín/ Balrathboyne*, barúntacht Cheanannas Uachtarach.

¹⁶⁹ Luann sé na paróistí *Rathfeigh, Kilmoon, Cushinstown, Pearcetown, Ballymagarvey, Timoole* agus *Ardcath (op cit)*. Is é *Ballymagarvey* an t-aon pharóiste díobh sin a bhaineann le Damh Liag Íochtarach.

¹⁷⁰ Féach *Baile Phiarais* i bparóiste Inis Pádraig/ *Holmpatrick* i mbarúntacht Bhaile an Ridire Thoir/ *Balrothery East* BÁC (*logainm.ie* 2013).

¹⁷¹ Ní thugtar aon fhoirm Ghaeilge ar an b*Piercetown* seo atá i bparóiste *Morristownbiller* i mbarúntacht Chonnail/ *Connell* [CD] (*logainm.ie* 2013).

¹⁷² *Baile an Phiarsaigh* paróiste Ráth Mhac nAodha/ *Rathmacknee* barúntacht Fhohart/ *Forth* [LG]

¹⁷³ Féach *Baile Phiarais* atá ar bhaile fearainn agus ar pharóiste i mbarúntacht Ráth Conarta/ *Rathconrath* IM (*logainm.ie* 2013).

¹⁷⁴ Féach *Baile Phiarais* i bparóiste An Chuilinn/ *Cullen*, barúntacht Chineál Aodha/ *Kinalea* agus *Baile an Phiarsaigh* paróiste San Anna/ *St Anne's Shandon*, barúntacht Chorcaí (*logainm.ie* 2013).

¹⁷⁵ Féach *Baile Phiarais* paróiste Ráth hEilte/ *Rahely* barúntacht Éile Uí Fhógarta/ *Eliogarty* agus *Baile Phiarais* paróiste Chluain Abhla/ *Clonoulty* barúntacht Choill na Manach Íochtarach/ *Kilnamanagh Lower* [TÁ] (*logainm.ie* 2013).

Barúntacht: Damh Liag Íochtarach **Paróiste:**Piercetown [nó Ballymagarvey]

[90] BALRATH

BAILE NA RÁTHA (*logainm.ie*) [Is sloinne gallda + eilimint Ghaeilge atá anseo, ámh.]

? *Ráth Balle nó *Ráth Bál nó *Ráth na mBál (roghanna an taighdeora 2014)

1)	1477-79	Balrath	SRPI Ed IV ii: 360 ¹⁷⁶
2)	c1605	? Balrath ¹⁷⁷	JI 21/88, CI 1991:332 (JI:AL <i>logainm.ie</i>)
3)	1625	Ballrath	Car I 4, Inq Lag ¹⁷⁸ (Inq C I:AL TT <i>logainm.ie</i>)
4)	1633	Balrath	Car I 86, <i>ibid</i>
5)	1654-56	Ballrath	CS:37
		Balrath X 2	37, 48
6)	1655-59	Ballrath	Is BN Goblet:95 (Ballingarvy EM)
7)	1657	Balrath	DS 4
		Balrath	Innéacs
8)	1659	Balrath (Parrish: Ballemagarvy)	Census:480
9)	1663	?Balrath ¹⁷⁹	Car II 2 Inq Lag
10)	1663	Ballrath	Car II (3) <i>ibid</i> , (TT <i>logainm.ie</i>)
11)	1663	Ballrath	Car II 4 <i>ibid</i>
12)	c1666	Balrath 13	BSD Index
		Balrath	<i>ibid</i> 13, 1666 sa téacs
13)	1672	Ballrath	BN Goblet:95 (Ballingarvy EM)
14)	1712	Ballrath	RDD AW i: 27, 63
15)	1812	Ballrath	Co. Map <i>logainm.ie</i>
16)	1824	Ballrath	HCSV <i>logainm.ie</i>
17)	1830	Balrath	BS:AL <i>logainm.ie</i>
18)	1830-40	Balrath	JOD:AL <i>logainm.ie</i>

¹⁷⁶ ‘Eduarde Plunket, tarde de Balrath Esquier’ atá luaite sa cháipéis seo (=par Piercetown, *ibid*:909)

¹⁷⁷ Seo cuid den téacs: ‘Oliver Plunkett of *Balrath* granted 1 mes. & 20a in *Balgeeth* & 1 pottle called *Pottell Bane* in *Belgree* to John Bellewe & ...’. Fritheadh tagairt amháin eile atá níos luaithe ná seo (ón mbliain 1413) .i. *Balrath* (Rot Pat 201, 106 Hen IV 14) agus an tráchtas nach mór scríofa. Tá an baile fearainn *Ballymadde* luaite sa cháipéis seo freisin.

¹⁷⁸ Luaitear an bhliain 1622 le Gerald Aylmer sa cháipéis seo.

¹⁷⁹ Seo sliocht as an téacs: ‘Nicholas Plunckett of Balrath, was in 1641 seised of the town and lands of Balrath and was then in actual rebellion against the said late king.’

19)		Ballrath	GJ rates (Old copy):AL <i>logainm.ie</i>
20)		Ballrath	Quit rents (Old copy):AL <i>logainm.ie</i>
21)	1835/6 revised 1899	Balrath Balrath Ho	Is SO <i>ibid</i>
22)	1838	Baile ráithe	OD:AL <i>logainm.ie</i> town of the fort'
23)	1928	Baile-a'-Reith	Ó Meachair:139 'Townland of the fort'
24)	1969	Baile na Rátha	AGBP:53
25)	2001	Baile an Ráith	O'Conor:131 'the place of the ring fort'
26)	2002	Baile na Rátha	Fl. & Fl:181 'Homestead of the fort'
27)	2008	Baile na Rátha	<i>logainm.ie</i>
28)	1838	Baile ráithe	OD:AL <i>logainm.ie</i> 'town of the fort'
29)	2001	Balrath	O'Conor, 131
30)	2014	'baL'raθ ,baL'raθ	fogharscríobh, David Kearney Paul Kerby

Is i bparóiste *Piercetown* i mbarúntacht Dhamh Liag Íochtarach atá an baile fearainn *Balrath* ceaptha a bheith, ach má bhreathnaítear ar léarscáil na SO *Townland Survey* 1837, tá an paróiste *Piercetown* marcáilte ó thuaidh de *Balrath*. Níl an *Piercetown* sin, ná aon pharóiste *Piercetown* i nDamh Liag Íochtarach marcáilte ar eagrán léarscáil na bliana 2005, ná ar eagrán na bliana 2010 de léarscáil 43 na SO (1:50,000). (Tá *Piercetown* eile (nach mbaineann le hábhar) ó dheas de *Ardcath* i nDamh Liag Uachtarach de réir léarscáileanna 43 na SO 2005 agus 2010 (1:50,000) agus de réir léarscáil 91 den SO (1901).

Luadh *Balrath* le paróiste *Balimagarvy* sa CS, agus tá an baile fearainn *Balrath* suite siar ó dheas de *Balimagarvy* de réir léarscáil 91 den SO (1901) agus de réir léarscáileanna 43 na SO 2005 agus 2010 (1:50,000). Mar sin, bhailíos samplaí stairiúla *logainmneacha* a shíleas baint a bheith acu le *Balrath* i bparóiste *Ballymagarvy*.

Frítheadh go leor tagairtí stairiúla d'áiteanna eile a bhfuil *Balrath* orthu, le linn an staidéir seo, nach léir a suíomh,¹⁸⁰ ní nach ionadh, mar *Balrath* a thugtar ar naoi gcinn

¹⁸⁰ Féach mar shampla: *Balrath* c AD 1400 (CGR 4 f.3, *ibid* 141 f.183), *Balrathe* AD 1576 (Eliz 83/59 CI 1991, 224), *Balrath* AD 1607 (JI 46/29, CI 1991, 342), *Balrathe* AD 1624 (Inq Lag Jac I: 69), *Balrathe* AD 1624 (Inq Lag Jac I: 69), *Ballrath* (X 4)/ *Ballgeeth juxta Ballrath* AD 1628 (Car I 39 Inq Lag). Maidir le H VIII 4 (CI 1991:3) agus P & M 24 (1) (*ibid*:156), scríobh Griffith, eagarthóir CI 1991 'location not indicated' in innéacs na foinsé sin (*ibid*:498). Tugtar faoi deara go bhfuil *Edward Plunket of*

de bhailte fearainn uile idir Chontae na Mí agus Chontae na hIarmhí (*logainm.ie*).¹⁸¹ Maidir le (1) thuas, bhí an t-eagarthóir James Morrissey in amhras gur i bparóiste *Piercetown* a bhí an *Balrath* sin suite, ní a léirigh sé le comhartha ceiste in innéacs SRPI Ed IV ii. Tá

Edwarde Plunket tarde de Balrath Esquier

luaite san fhoinsé sin. Tá *Nicholas Plunckett of Balrath* luaite in (9) thuas, ach is iad muintir *Aylmer* atá luaite i gcáipéis a scríobhadh sa bhliain 1625, (3) thuas, agus luaitear arís iad sa bhliain 1663, mar a léirítear sa sliocht seo a leanas:

... indicted and outlawed for high treason ... committed against King Charles I, by reason whereof, the said lands are forfeited, and in the hands and dispose of King Charles II ... The towne and landes of *Ballrath*, in the parish of *Ballymagarny*, containinge 232 acres, 2 rodes and 12 peraches, was, on 23d oct' 1641, the propertie of Garrett Aylmer esq. indicted and outlawed &c. as above; which said lands was never sett out to adventurer or soldier, and is now in the possession of [] Aylmer sonne unto the said Garrett ... (11)

Mar sin, is deacair a bheith cinnte go mbaineann (1), (2), (3) nó (9) sa Tábla thuas le *Bal[l]rath* i bparóiste *Piercetown*.¹⁸²

Maidir le struchtúr an logainm, tá an dá mhír *Bal[l]* agus *rath* ann, ach is féidir dhá léirmhíniú a thairiscint maidir lena dhíorthaithe: d'fhéadfadh sé gur díorthaíodh

- (i) ón dá eilimint Ghaeilge BAILE agus RÁTH atá sé, nó
- (ii) ó SLOINNE + RÁTH.

Thacódh sé leis an léirléamh gur BAL > BAILE atá sa chéad eilimint, dá mba rud é gur ar an dara siolla a leagfaí an bhéim sa chaint, agus thacódh sé leis an léarléamh gur BAL ón sloinne *Ball[e]* atá sa chéad eilimint, dá mba rud é gur ar an gcéad siolla a leagfaí an bhéim. Is léir go bhfuil mearbhall éigin ag baint leis an logainm seo, ámh, mar ní bhíonn

Balrathe luaite in P & M 24 (1), agus cuimhnítear gur muintir Phlunket a bhí luaite in (1), (20), (9) sa Tábla thuas.

¹⁸¹ Féach freisin an tagairt stairiúil ón mbliain AD 1786 do *Balrath* 'in the Rectory of Castleton Delvin' (Archdall:536). Is é an baile i mbarúntacht *Dealbhna* san IM atá i gceist leis an m*Balrath* sin (*logainm.ie*).

¹⁸² Luaitear muintir *Plunckett* agus muintir *Aylmer* araon faoin mbliain 1663 (i gcáipéisí éagsúla) i gcomhthéacs thailte forghéillte i m*Bal[l]rath*. Theastódh a thuilleadh taighde chun suíomh na dtailte sin a chinntiú.

an bhéim san áit chéanna ar shiollaí *Balrath* in urlabhraíocht mhuintir na háite. Chualas /₁baL'raθ / (30) leis an mbéim ar an dara siolla (= struchtúr na Gaeilge) agus (30) /'baL'raθ / le comhbhéim (= struchtúr an Bhéarla). Mar sin, pléifear an dá fhéidearthacht thíos; is iad sin (i) gurb é BAILE céad-eilimint an logainm agus (ii) gur SLOINNE atá sa chéad eilimint.

(i) Tá an struchtúr BAL (> BAILE) + CÁILITHEOIR ar thacar beag logainmneacha de chuid na Páile in oirthear na tíre i gcodarsnacht le BALLY (< BAILE) + CÁILITHEOIR mar atá ar bhunáite na logainmneacha a bhfuil BAILE mar phríomheilimint iontu. Níl fianaise againn ar an eilimint BAL i logainmneacha go dtí an 15ú haois, agus más slán an léirléamh gurb iad BAL agus RÁTH eilimintí an logainm atá faoi chaibidil, d'fhéadfaí a áiteamh gurb é tionchar na nAlbanach a bhí ag teacht mar Ghallóglaigh go hÉirinn faoi ndeara na heiliminte BAL, gné a phléifear i gCaibidil 3, **8. - 8.4.**¹⁸³ Is fiú a lua anseo gur BAL atá mar chéad-eilimint i mbunáite na bhfoirmeacha stairiúla a bailíodh do na háiteanna eile i gContae na Mí a bhfuil *Balrath* orthu - féach na samplaí scanáilte as cartlann na logainmneacha atá curtha ar shuíomh *logainm.ie* (2013). Ní fhaightear *Bal* agus *rath* curtha le chéile ar an gcaoi seo ach amháin i gContae na Mí agus i gContae na hIarmhí (O'Connor 2001:131).

(ii) Maidir leis an dara féidearthacht, chonacthas gur ghlac na coilínigh go fonnmhar le RÁTH nuair a bhíodar ag ainmniú áiteanna, ós rud é gur eilimint seanbhunaithe i logainmneacha í (cf. Caibidil 1, **3**), agus bhaineadar leas as a sloinnte féin mar cháilitheoir ar RÁTH, cé gur athraíodar an struchtúr thart in amanna, cf. Caibidil 3, **2.2**. Má thuigtear gurb í an eilimint RÁTH príomheilimint an logainm (mar atá sna logainmneacha *Cruicerath* [18]¹⁸⁴ i bparóiste Dhún Uabhair/ *Donore* agus *Tuiterath* [71] i bparóiste *Kentstown*,¹⁸⁵ d'fhéadfaí a rá go bhfuil *Bal[l]rath* díorthaithe ón sloinne *Balle* + RÁTH ar analach le *Cruicerath* agus le *Tuiterath*, mar tá fianaise ann go raibh daoine den sloinne sin i gContae na Mí - tá tagairt do dhuine darbh ainm *Ralph Balle* i gcáipéis a scríobhadh *circa* 1290, a d'íoc dhá scilling cíosa le canóin *Llanthony* ar thalamh a bhí

¹⁸³ Is sa 15ú haois a fhaightear fianaise ar an eilimint BAL i logainmneacha a raibh BALI-/ BALLY-/ BALE iontu i gcáipéisí a scríobhadh ón 12ú haois i leith, féach Caibidil 3, **8.2**, **Tábla 2**. Deir O'Rahilly, go raibh Gallóglaigh 'of Norse descent' ag teacht go hÉirinn ó lár na 13ú haoise i leith. Deir sé: '... about a century later, we find a number of *gallóglach* families of Scoto-Norse descent, like Mac Domhnaill, Mac Suibhne, and Mac Cába well established in the province [of Ulster]' (O'Rahilly, 1932:161-62).

¹⁸⁴ Is i gcáipéis ón mbliain 1541 a frítheadh an chéad tagairt do *Cruicerath* [**18**].

¹⁸⁵ Is sa bhliain 1589 a frítheadh an chéad tagairt do *Tuterathe alias Farringtonrath*, cf. *Tuiterath* [**71**].

in Drogheda towards Meath (23rd report ... Dublin 1891:83, 507).

agus ba iad *Pyrun and Ralph Balle* a d'fheidhmigh mar fhinnéithe ar an gcáipéis thuasluaite.¹⁸⁶

Is é *Balrath* (1) a scríobhadh sa bhliain 1477-79, an fhoirm ghalldaithe is luaithe den logainm a frítheadh don staidéar seo, agus níor tháinig athrú air, ach go bhfuil *l* dúbailte ag deireadh na chéad eiliminte -*Ball* in 14 cheann as na 29 sampla a bailíodh.¹⁸⁷

Faightear samplaí den logainm dúchasach *Baile an Rátha* sna foinsí Gaeilge, ach ní bhaineann aon cheann de na cinn atá cláraithe in FSÁG (16,17) le paróiste *Piercetown* ná le paróiste *Ballymagarvey*.¹⁸⁸ Chláraigh Hogan *Baile an Rátha* i gContae na hIarmhí agus scríobh sé gur cheap sé go raibh trí cinn de *Baile an Rátha* i gContae na Mí (*Onom Goed*), ach is cosúil nach mbaineann aon cheann díobh sin leis an bparóiste *Piercetown*, ná leis an seanparóiste stairiúil *Ballymagarvey*.

Ag filleadh ar an *mBalrath* atá faoi chaibidil, tá na samplaí Gaeilge atá cláraithe sa Tábla thuas bunaithe ar an tuiscint gurb iad BAILE agus RÁTH eilimintí an logainm. Ba é an sampla a chuir Ó Donnabháin ar fáil ná *Baile ráithe* (22), (28) atá eisceachtúil le hais samplaí (23) - (27) sa Tábla a bhfuil an t-alt le sonrú iontusan.¹⁸⁹ Thuig Ó Donnabháin nár chóir go mbeadh an t-alt sa logainm.¹⁹⁰ Braitheadh go raibh gá leis an alt sna haischruthaithe Gaeilge a rinneadh ón 20ú haois i leith, ámh, cé nach bhfuil aon rian den alt le sonrú sna samplaí stairiúla a bailíodh. Mar sin féin, cuireadh an t-alt isteach, féach *Baile-a'-Reith* (22)/ *Baile an Ráith* (24) agus *Baile na Rátha* (23), (25), (26) a bhfuil malairt inscní le feiceáil iontu.¹⁹¹ Sílim go bhfuil na foirmeacha a bhfuil an t-alt iontu bunaithe ar mhíthuiscint, agus sílim go ndearna Ó Donnabháin léamh earráideach ar chéad-eilimint *Balrath*. Déanfar iarracht é sin a thaispeáint thíos,

¹⁸⁶ Féach freisin go bhfuil *Ricardus Balle* áirithe i measc na ndaoine a ainmníodh mar ghiúróirí *pro burgagiis?* AD 1470 nó ina dhiaidh (ICL:194, CLXVIII). Luaitear *John Balle* i gcáipéis de cuid Anraí VI i gcomhthéacs LG sa bhliain 1449 (SRPI Hen VI:128). Deir Reaney & Wilson: '(i) Norman *Balle* 1183 ... here disyllabic. In later examples, *balle* became monosyllabic and is a form of *Bal*. (ii) ... *le Bal* 1296, 1327 ...' (1958:21-2).

¹⁸⁷ Tacaíonn an litriú *-ll* atá le fáil i leath na samplaí a bailíodh leis an léirléamh gurb é an sloinne *Ball/e* atá sa chéad eilimint.

¹⁸⁸ Is sna foinsí a leanas a fhaightear *Baile an Rátha* nó *Baile na Rátha*: MIA = Misc Ir Ann, LGen = LMG, RIA Cat, SPAM, NLI Cat. Féach freisin *Onom Goed*:76

¹⁸⁹ Ní rabhthas cinnte cén inscne a bhí ag RÁTH; tá samplaí (23), (25) firinsneach, agus tá samplaí (24), (26), (27) baininsneach.

¹⁹⁰ Chuir Ó Donnabháin an t-alt isteach i gcás na foirme Gaeilge a thairg sé do *Balrath* Chnoc an Locha/ *Knocklough*, *Baile Fobhair/ Fore* i gContae na hIarmhí, ámh, féach *Baile an Ráith* (*logainm.ie* 2014) agus i gcás *Balrath* i bparóiste *Diamor* féach *Baile an Rátha* (*logainm.ie* 2014).

¹⁹¹ Féach **2 ráth** and **ráith** m and f, orig. gender doubtful (DIL:16).

trí phátrún dáilte logainmneacha eile a bhfuil na heilimintí BAL agus RÁTH iontu, a mheas.

Is fíorshuntasach go bhfuil rian den ALT Gaeilge le sonrú i logainmneacha galldaithe eile a bhfuil BAILE agus RÁTH iontu atá in áiteanna eile sa tír, agus bíonn rian den alt léirithe i bhfoirmeacha stairiúla na logainmneacha freisin, nuair is ann dóibh. Is cinnte gur ón nGaeilge BAILE + ALT + RÁTH a tháinig *Ballinrath* (*Ballynra* 1550) UF, *Ballynaraha* (*Ballinraghy* 1655 DS) CC, *Ballynaraha* (*Ballynarahy* 1654 CS) TÁ, *Ballynaraha* (*Ballyneraghy* 1659 Census) PL, *Ballynaraha* (*Ballinarahe* 1838 BS) MEo, *Ballinra* LG, agus dhá *Ballynaraha* i gContae Chorcaí.¹⁹² Seachas *Baile na Ráithe* [MEo], is í an fhoirm *Baile an Rátha* atá tugtha dóibh ar *logainm.ie* (2014), rud atá ciallmhar, mar is léir go bhfuil *n* an ailt caomhnaithe sna foirmeacha galldaithe *Ballynra*, *Ballinrath* agus *Ballynaraha*. Mar chodarsnacht, is fíor-shuntasach nach bhfaightear aon fhoirm stairiúil le rian an ailt i gcás na *Balrath* atá i gContae na hIarmhí ná i gContae na Mí. Mar sin tharlódh gurb é struchtúr *Balrath* ná SLOINNE + RÁTH, ach an oiread le *Cruicerath* [18] agus *Tuiterath* [71] atá i gContae na Mí freisin, agus gurb é an sloinne *Bal[e]* atá i gceist le chéad eilimint an logainm.

Chomh maith leis an *mBalrath*, paróiste *Piercetown* i mbarúntacht Damh Liag Íochtarach atá á chíoradh anseo, faightear bailte fearainn eile a bhfuil *Balrath* orthu sna paróistí a leanas i gContae na Mí: Droim Conrach/ *Drumcondra*, barúntacht Bhaile Shláine Íochtarach/ *Slane Lower*, paróiste *Diamor*, barúntacht Bhaile Fhobhair, Baile Átha Buí/ *Athboy*, barúntacht Luíne. Is sna barúntachtaí Baile Fhobhair/ *Fore*, Maigh Chaisil/ *Moycashel*, Corca Raoi/ *Corkaree* agus Ráth Conarta/ *Rathconrath* a fhaightear an logainm *Balrath* san Iarmhí (*logainm.ie*).¹⁹³

Is é *Baile na Rátha* an leagan Gaeilge atá ar *Balrath*, paróiste *Piercetown*, Damh Liag Íochtarach de réir *logainm.ie* 2014. Tá taifid fuaimne le fáil de *Balrath* agus de *Baile na Rátha* ar an suíomh idirlín, ach clliceáil ar na cnaipí cuí, agus an bhéim ar an dara siolla de *Balrath*. Sílim go mba chóir athbhreithniú a dhéanamh ar an *mBalrath* seo i bhfianaise a bhfuil ráite thuas, ámh, mar is dócha gurb é an sloinne *Ball[e]* nasctha leis an eilimint Ghaeilge RÁTH is bunús le *Balrath*, Damh Liag Íochtarach (agus b'fhéidir gurb é sin an bunús atá le gach uile *Balrath* eile atá i gContae na Mí agus i gContae na hIarmhí freisin).

¹⁹² Is ó *logainm.ie* (2014) a tógadh na samplaí seo uile, idir shamplaí comhaimseartha agus shamplaí stairiúla.

¹⁹³ Tá dhá bhaile fearainn leis an ainm *Balrath* orthu sa bharúntacht *Ráth Conarta* (*ibid*).

[91] **Barúntacht:** Damh Liag Íochtarach **Paróiste:** Paróiste Mhuire/ *St Mary's*

Tá an Paróiste Mhuire seo gar do bhaile Dhroichead Átha. Níl trácht ar an logainm *St Mary's* [*Parish*], Damh Liag Íochtarach in aon cheann de na foinsí a leanas: CDI, SRPI Ed IV, IM and Epis Deeds, CSL 1540-41, IMP 1540-41, CI 1991, CS.

Faightear tagairtí fairsinge do *St Mary's Abbey Dublin*, do

eccleie be Marie de Payneston [Mid] AD 1459 (SRPI Hen VI: 620)

agus do *St Mary's church Duleek* (CDI 1302-07), ámh.¹⁹⁴

¹⁹⁴ Tugadh Damh Liag Chianáin ar *St Mary's Duleek* go dtí c.1150 (Gwynn, Hadcock 1970, 173), cf. *Duleek* [37].

Barúntacht: Damh Liag Íochtarach

Paróiste: Paróiste Mhuire/ St Mary's

[92] BRYANSTOWN

Frítheadh an logainm seo i Sasana sular frítheadh in Éirinn é.

***Baile Bhriain** (moladh an taighdeora 2014)

1)	1635	?Bryenston	Car I 117 Inq Lag
2)	1654- 56	? Bryansparke	CS V:48
3)	1657	Bryanstown	CS V:1 fonóta 2
4)	1736	Bryanstowne	CGn 84.168.59097 TS <i>logainm.ie</i>
5)	1751	Bryanstown	CGn 149.349.99983 TS <i>logainm.ie</i>
6)	1777	Bryenstown	T &S 2 TS <i>logainm.ie</i>
7)	1778	Bryenstown	GJM (Grand Jury Map) TS <i>logainm.ie</i>
8)	1778	Bryenstown	Map of Drogheda Liberties TS <i>logainm.ie</i>
9)	1826	Bryenstown	Arrowsmith's Map TS <i>logainm.ie</i>
10)	1836	Bryanstown	BS TS <i>logainm.ie</i>
11)	1836	Bryanstown	TS <i>logainm.ie</i>
12)	1836	Baile bhrfain	AL:nóta, TS 1 <i>logainm.ie</i>
13)	1836	Baile Bhriain	OD:AL TS 1 <i>logainm.ie</i>
14)	1836	Baile Bhriain, Brian's town	AL: OK + OC, TS <i>logainm.ie</i>
15)	3/3/77	Baile Bhriain	R. Aistr, TS <i>logainm.ie</i>
16)	4/2/86	Baile Bhriain	NÓM
17)	2014	'brəinz, təun	fogharscríobh, Paul Kerby

Is i bparóiste Mhuire, Damh Liag Íochtarach atá an baile fearainn *Bryanstown*. Níor thángthas ar aon tagairt don logainm roimh an 17ú haois.¹⁹⁵ Is cosúil gur logainm den struchtúr AINM PEARSANTA/ SLOINNE + mír shealbhach + TON/ TOWN(E) atá in *Bryanstown*. Tá an dá litriú *Bryen* agus *Bryan* le fáil i gcáilitheoir an logainm. Frítheadh an fhoirm *Bryenstown* (1) i gcáipéis a raibh roinnt bailte fearainn as Damh Liag Íochtarach luaite inti, ach tá comhartha ceiste curtha agam leis, mar is deacair a rá go

¹⁹⁵ Is cosúil gur bunaíodh an dá bhaile fearainn *Bryanstown* [92] agus *Veldonstown* [72] sa 17ú haois, féach Caibidil 3, **Tábla 1**.

cinnte go mbaineann sé leis an mbaile fearainn *Bryanstown* i bparóiste Mhuire, nó le *Bryanstown* éigin eile i gContae na Mí. Bhí an fhoirm chorr *Bryansparke* (2) in innéacs an CS, ar liosta pharóistí agus bhailte fearainn bharúntacht Dhamh Liag, ach níl *Bryansparke* le fáil i gcorpas na foinse sin. Tá fonóta sa CS ag rá go mbíodh *Bryanstown* mar chuid de na *Liberties of Drogheda* (Contae Lú) go stairiúil, ach gur tugadh isteach le barúntacht Dhamh Liag Íochtarach é ní b'iartheachtaí, féach (3) thuas. Ar ndóigh, níl Baile Dhroichead Átha ach trasna na Bóinne ó *Bryanstown*.

Maidir leis an sloinne *Bryan*, tá na foinsí gallda breac le samplaí de ón mbliain 1237 i leith, féach ICL,¹⁹⁶ CGR,¹⁹⁷ CJR 1295-1303,¹⁹⁸ CJR 1305-07,¹⁹⁹ CJR 1308-14,²⁰⁰ SPRI ii Ed IV,²⁰¹ SPRI Hen VI,²⁰² CI 1991,²⁰³ F Hen VIII,²⁰⁴ F Ed VI,²⁰⁵ F Eliz,²⁰⁶ CSPI Car I,²⁰⁷ CSPI Car II,²⁰⁸ - d'éiríos as a dtóraíocht i ndiaidh na bliana AD 1662.

Cé nach bhfuil teacht ar an logainm *Bryanstown* i bparóiste St Mary's go dtí an 17ú haois in Éirinn, is logainm seanbhunaithe i Sasana é *Bryanston*, féach:

Bryanston Dorset ... Bryanston Brian 1271 ... Brianeston 1291
... Brieneston 1295 ... 'Brian's Tún.' Brian is a Norman name
of Breton origin...(Ekwall 1936: 67.)²⁰⁹

Chonacthas gur ainmníodh bailte nua ag baint leasa as an struchtúr SLOINNE + mír shealbhach + TOWN go minic sa leathbharúntacht, agus chonacthas go raibh sloinnte áirithe thart leis na céadta bliain sula ndearnadh eilimint logainm díobh.²¹⁰ Mar sin, ba dheacair a réiteach ar dhuine de shliocht *Bryan* (a bhfuil an oiread díobh le fáil sna

¹⁹⁶ ICL: CVI 106 (Mí, AD 1237)

¹⁹⁷ CGR:38 (AD 1342), *ibid*:55 (AD 1319), *ibid*:61[Brya/Bryan] ?c AD 1368, *ibid*:37 (AD 1322), *ibid*:71 (AD 1323), *ibid* :75 (AD 1329).

¹⁹⁸ CJR 1295-1303:395 (AD 1302), *ibid* 409 (AD 1302).

¹⁹⁹ CJR 1305-07:484, CJR 1305-07:23 (AD 1305), *ibid* :331 (AD 1307), *ibid* :355 (AD 1307), *ibid* :341(AD 1307), *ibid*:355 (AD 1307).

²⁰⁰ CJR 1308-14:206 (AD 1311), *ibid* :304 (AD 1313), *ibid* :274 (AD 1313).

²⁰¹ SRPI ii:333 (AD 1465).

²⁰² SRPI Hen VI: XIV 79 (AD 1447), *ibid* :XVIII 378-380 (AD 1455), *ibid* : XXIV, 469 (AD 1456).

²⁰³ Féach innéacs 522, cáipéisí de chuid Anraí VIII atá anseo.

²⁰⁴ IFTS Hen VIII i:26, 204 (AD 1541).

²⁰⁵ IFTS Ed VI i: 100, 117 (AD 1547), *ibid* :133, 426 (AD 1549), *ibid*:134, 437 (AD 1549-50), *ibid*:201, 1078 (AD 1552).

²⁰⁶ Féach liosta de c 36 iontráil faoi *Brien* in IFTS iv:114.

²⁰⁷ Tá seacht n-iontráil san innéacs CSPI Charles I:697 (AD 1625-1632).

Féach freisin CPCI R Car I 656 (AD 1632-1633).

²⁰⁸ Tá 14 shampla in innéacs CSPI Car II i:709 (AD 1660-1662).

²⁰⁹ Tá Cameron (1963:93) ar aon intinn faoin eolas seo freisin.

²¹⁰ Féach na sloinnte *Thurstian* [Mí] agus *le Gascon* [Mí] ón 13ú haois, mar shampla, chomh maith leis an sloinne *Seneschall* [Droichead Átha] ón 14ú haois, nár baineadh leas astu mar eilimintí logainm go dtí an 16ú haois, féach *Thurstianstown* [88], *Gaskinstown* [40] agus *Senschalstown* [87].

foinsí thuasluaite) ba chúis le hainmniú an bhaile fearainn, nó ar thug na coilínigh an logainm scun scan as Sasana leo go Damh Liag Íochtarach.²¹¹

Cé go raibh *Bryanston* le fáil sa *maner de Slane* in AD 1625 (Inq Lag, Car I 7)²¹² agus níos deireanaí, ní raibh aon *Bryanston* i nDamh Liag Íochtarach go dtí ?AD 1635 cf. (1) thuas, nó go dtí AD 1736, cf. (3). Tugtar faoi deara go bhfuil os cionn 350 bliain idir AD 1271 an t-am a scríobhadh *Bryanston* i Sasana agus an t-am a fhaightear *Bryenston* (1) i gContae na Mí, ach taispeánadh thuas go raibh go leor daoine a raibh an sloinne *Bryan* orthu in Éirinn leis na céadta bliain roimhe sin; mar sin breathnófar ar bhunús an tsloinne *Bryan*.

Deir Hanks & Hodges (1989) gur díorthaíodh an leagan Sasanach *Bryan* ón ainm pearsanta Ceilteach *Brian*:

... which apparently contains the element *bre-* hill, probably with the transferred sense of ‘eminence’ (81).

Is cosúil go mbíodh an t-ainm pearsanta *Bryan* coitiana i measc na mBriotánach a d’fhág an Bhriotáin chun Sasana a ghabháil in AD 1066. Tháinig cuid díobh sin go hÉirinn sa 12ú haois. Deir Hanks & Hodges:

... the name mingled with a native Irish version of it ... This native Irish name had also been borrowed by Vikings, who introduced it independently in NW England before the Norman Conquest (*ibid*).²¹³

Tagann léirmhíniú Woulfe le léirmhíniú Hanks & Hodges agus iad uile ag rá gur ón rí *Brian Bóru* (AD 941- AD 1014) a díorthaíodh an sloinne (Woulfe 1923:442-3). Choinnigh ‘Brian Bormha m. Cinnéidig’ cogadh leis na Gaill ón mbliain 977 go dtí a bhás sa bhliain 1014 (AI:162, §3, §4), de réir na nAnnála dúchasacha²¹⁴ agus tá go leor tuairiscí le fáil ar a chaismirtí le ríthe agus le móruaisle Éireann sna hAnnála freisin.²¹⁵ Cuireann Céitinn síos ar an

²¹¹ Toisc go bhfuil taifead ar *Thurstonton* in *Suffolk*, bheadh an cheist seo le cur maidir le *Thurstianstown* [88], paróiste *Painestown* freisin.

²¹² Féach freisin *Brians Towne Slaine EM* (AD 1655-9 Is BN, Goblet:115) agus (Is HD *ibid*:115) sa 17ú haois. Féach freisin *Brianstown* bar. of Slane AD 1700 (Horner & Loeber 2011:95).

²¹³ Féach freisin: A Post-Conquest pers. n. as *Bryanston Do Brian* de Insula 1232 (Smith 1956 ii:198).

²¹⁴ Féach freisin AU, AI, A Clon agus ARÉ.

²¹⁵ Féach innéacsanna AU :41-42, AI :448, Ann Conn:745, Ann Clon:334, Chron Scot :363 agus ARÉ:134, Ann Loch Cé:532.

iomad droichead is tóchar is slighe móra do tógbhadh lé Brian, is do cumhduigh is do cóirigheadh dúinte is daingne is inseadha is oiléin leis (FFÉ iii:262).²¹⁶

Cé go bhfuil *Briain* eile luaite i LMG,²¹⁷ agus *Broen* [= ? *Brian*] sna hAnnála,²¹⁸ is é *Brian Bormha m. Cinnéidig* an duine díobh ba mhó cáile.

Is cosúil gur sa 19ú haois a cuireadh an Ghaeilge *Baile bhriain (sic)* (12), *Baile Bhriain* (13), (14) ar *Bryanstown* den chéad uair agus coinníodh an leagan *Baile Bhriain* (15), (16) sa 20ú haois. Tá *Baile Bhriain* Lú/ Mí le fáil ar bhunachar na suirbhéireachta ordanáis (TS *logainm.ie*).²¹⁹ Is le Contae na Mí a bhaineann *Bryanstown* de réir OSI 43 (2010).

Is cosúil go raibh *Bryanston* eile i gContae na Mí freisin tráth den saol, a bhfuil *Faganstown* anois air.²²⁰ Tagraíodh dó mar *Faganston & Bryanston al' Braieston* sa bhliain 1633 (Car I 85 Inq Lag) agus mar *Bryanston al' Braieston* sa bhliain 1636 (Car 1:118 *ibid*).²²¹ Tá dhá *Bhryanstown* eile i gContae na Mí anois, a bhfuil ceann díobh i bparóiste Mhaigh gCláir/ *Moyglare* i mbarúntacht Dhéise Uachtarach/ *Deece Upper*, agus an ceann eile i bparóiste Bhaile Shláine, barúntacht Bhaile Shláine Uachtarach de réir *logainm.ie*.

²¹⁶ Liostann Céitinn ‘Caiseal na Ríogh is Ceann Abhradh, Inis Locha Cé is Inis Locha Gair, Dún Eochair Mháighe, Dún Iasc is Dún trí Liag, Dún gCrot is Dún Cliach Inse an Ghaill Duibh is Inis Locha Saighlionn, Ros na Ríogh, Ceann Chora an Bhórimhe, is Ríoghphuirt Mumhan’ i measc na suíomhanna cumhachta a chumhdaigh Briain (*ibid*).

²¹⁷ Féach mar shampla LMG i:214, ii:366, ii: 26, 56, 170, 256 agus an t-innéacs in imleabhar v:78-9.

²¹⁸ Féach mar shampla faoin mbliain AD 946 ‘*Broen* mac Maelmordha, ri Laigen, do marbad for creich i n-Orraighibh (AU i:466) agus faoin mbliain AD 1011 ‘*Broen* mcMoilmorrey king of Leinster had his eyes put out by the deceit of Sitríck’ (Ann Clon:169).

²¹⁹ Cé go bhfuil croí bhaile Dhroichead Átha i gContae Lú, tá bruachbhailte dá cuid tógtha ar bhruach theas na Bóinne ó *Mornington* [10] go *Rathmullan* [22].

²²⁰ Tá *Faganstown* suite i bparóiste Bhaile an Ghearlánaigh/ *Gernonstown* i mbarúntacht Bhaile Shláine Uachtarach/ *Slane Upper* (*logainm.ie*).

²²¹ Luadh míniú Hanks & Hodges (1989) ar an ainm pearsanta Ceilteach *Bryan* .i ‘the element *bre-* hill, probably with the transferred sense of ‘eminence’ (*passim*) agus pléadh an focal ‘brí’ i gcomhthéacs Fionnabhair cheana, féach *Fennor* [57]. Tharlódh go raibh tuiscint ar *Brae* mar mhíniú ar *Bryan* agus *Bryanston al' Braieston* mar *logainm* ar an áit atá luaite le *Faganstown*.

[93] LAGAVOOREN/ LOG AN MHÚIRÍN (*logainm.ie*, moladh an taighdeora 2014)

- | | | | |
|-----|---------------------|--|---|
| 1) | [?1657
nó ?1940] | Lagavooreen | CS V: 1, fonóta 2 ²²² |
| 2) | 1753 | Leggaworin | CGn 163.370.109653 TS <i>logainm.ie</i> |
| 3) | 1778 | Lagavouren | Map of Liberties of Drogheda TS <i>logainm.ie</i> |
| 3a) | 1792 | Lugavojar | Hearth Roll MS 26736 sa LN |
| 4) | 1799 | Legawooran | CGn 520.44.337655 TS <i>logainm.ie</i> |
| 5) | 1799 | Logamowran
otherwise Legawran | CGn 520.275.340616 TS <i>logainm.ie</i> |
| 6) | 1807 | Legewaren | CGn 586.377.397801 TS <i>logainm.ie</i> |
| 7) | | Legavoran | Tithe Comp.Bk TS <i>logainm.ie</i> |
| 8) | 1815 | Leggavooran | CGn 696.638.478133 TS <i>logainm.ie</i> |
| 9) | 1836 | Lugaworen | BS TS <i>logainm.ie</i> |
| 10) | 1836 | Lagavooreen | OK + OC ²²³ TS <i>logainm.ie</i> |
| 11) | 1837 | Lagavooren Cottage | OSI Townland Survey |
| 12) | | Lag an mhóirín
'A Hollow or muddy
place' | J. O N[eill] TS <i>logainm.ie</i> |
| 13) | | Lag a mhúirín
'Hollow of manure or
mud' | TS <i>logainm.ie</i> |
| 14) | 1986 | Log an Mhúirín | NÓM |
| 15) | | Lagavooren
Part of Lagavooren | SO <i>Index to Townlands</i> |
| 16) | 2014 | 'legə vo:r'i:n
'legə vu:r'i:n | fogharscríobh, Jim Curley |

Tá an baile fearainn *Lagavoreen/ Log an Mhúirín* i bParóiste Mhuire roinnte idir Contae na Mí agus Contae Lú. Bhain *Lagavooreen* leis na *Liberties of Drogheda* tráth den saol, de réir fonóta atá le fáil sa CS, féach:

²²² Ní léir cé a scríobh an fonóta seo sa CS. Arbh é Simington an t-eagarthóir CS a scríobh sa bhliain 1940 é, nó scríobhaí an CS sa 17ú haois? Táthar ag glacadh leis anseo gur foirm í a scríobhadh sa 20ú haois toisc go bhfuil sé corr leis an bhfianaise eile a bailíodh anuas go dtí na 1830í.

²²³ = O'Keefe agus O'Conor.

The present barony of Duleek Lr. includes part of St Mary's parish comprising the lands of Ballsgrove, Lagavoreen, & Bryanstown formerly within the Liberties of Drogheda, subsequently part of the barony of Drogheda, ultimately merging in the barony of Duleek Lr. ((1) thuas).²²⁴

Is logainm de bhunadh na Gaeilge atá i *Lagavooreen* agus tá na foirmeacha Gaeilge *Paróiste Muire* agus *Log an Mhúirín* (13) araon deimhnithe don pharóiste agus don bhaile fearainn ag an SO. Tá PART OF LAGAVOOREN (15) marcáilte ar SO *Index to Townlands* an taobh thuaidh den Bhóinn, chomh maith le *Lagavooren* (15) atá ó dheas den Bhóinn.²²⁵

Ós rud é gurb é /'legə vo:r'i:n/ nó /'legə vu:r'i:n/ a deirtear go háitiúil, is cosúil go leanann alt na Gaeilge an phríomheilimint LOG agus tá sé sin léirithe mar *-a-* i bhfoirmeacha Béarla an logainm. Is cosúil go riaráíonn an t-alt an séimhiú atá ar thús litir an cháilitheora #M- a bhfuil an foghar /v/ nó /w/ le fáil i litriú tras-scríofa an Bhéarla sna samplaí a bailíodh dó.²²⁶ Mar sin is cosúil gurb é struchtúr an logainm ná: AINMFHOCAL (ainmneach) + ALT (ginideach) + AINMFHOCAL (ginideach). Níl cosúlacht ar shiolla deireanach an logainm go raibh guta fada ann san 18ú haois; féach *-in#* (2), *-en#* (3), *-an#* (4), (5), agus léiríonn réimse na ngutaí *-i-/ -e-/ -a-* mar atá siad le fáil sa siolla deireanach sin go gcaithfidh sé gur siolla neamhaiceanta a bhí sa siolla sin san 18ú haois. Go deimhin, frítheadh sampla amháin *Lugavoioiar* (3a) nach raibh an siolla deireanach sin le sonrú ann ar chor ar bith, agus ní fhaightear ach sampla amháin sa 19ú haois a bhfuil guta fada léirithe sa siolla deireanach, féach an leagan a chuir O'Keefe agus O'Connor ar fáil .i. *-een#* (10) atá corr le nach mór foirmeacha eile uile na 19ú haoise a bailíodh .i. *-en#* (6), (9), (11), (15) agus *-an#* (7), (8). Mar sin, ós rud é gur guta neamhaiceanta a bhí sa siolla sin roimh na 1830í, tharlódh gur forbairt thánaisteach atá ann, guta fada a bheith sa siolla deireanach .i. *-een* (10), mar ar thaifead lucht na SO, foghraíocht atá caomhnaithe i gcaint na ndaoine anois.

²²⁴ Níl aon tagairt do *St Mary's [Parish]* sa CS i gContae na Mí ná i gContae Lú; cuirtear síos ar *Ferrard Barony* ina bhfuil Droichead Átha suite (CS X:52-3, 59) agus cuirtear síos go beacht ar na paróistí *Dromiskin, Mandefeildstowne, Derver, Killincoole, Clonkeaghan* agus *Lowth* faoin teideal 'A Returne to the survey of the Barony of Lowthe' (*ibid*:101-111).

²²⁵ Féach ls thulmhaisithe an tráchtais agus ls SO XXI, 8 (One inch to a mile).

²²⁶ Go teoiriciúil d'fhéadfaí focal dar túslitir #B- a bheith mar cháilitheoir freisin, ach níor thángthas ar aon fhocal cuí a d'fheilfeadh don logainm leis an túslitir sin.

Is léir go raibh dhá bhealach chun tús an tríú siolla de *Lagavooreen* a rá; tá /v/ le fáil i samplaí (1), (3), (7), (10), (14) agus is /w/ atá le fáil i samplaí (2), (4), (5),²²⁷ (6), (9), agus tá tras-scriobh foghraíoch déanta díobh leis an dá fhoghar /v/ agus /w/ i litriú an Bhéarla.

Is cosúil gurb é LOG (> loc o-tamhan, firinsneach DIL) an chéad eilimint sa logainm. Tá dhá chiall leis an bhfocal sin: (i) ‘a place’/ ‘a dwelling place’ agus (ii) ‘a hollow/ pit/ ditch’. Is eilimint choitianta í LOG i logainmneacha, féach:

Lug or *lag* signifies a hollow; when used topographically, it is almost always applied to a hollow in a hill; and *lag*, *lig*, *leg*, and *lug*, are its most common forms, the first three being more usual in Ulster, and the last in Leinster and Connaught (Joyce 1869:431).²²⁸

Níl aon chnoc thart ar *Lagavooreen*, ámh. Glacadh leis gur sa chiall ‘a hollow’ a fheidhmíonn LOG sa logainm *Lagavooreen*, féach (12) agus (13) thuas, ach ós rud é nach bhfuil aon chnoc i *Lagavooreen*, d’fhéadfadh sé gurb í an bhrí atá leis an gcéad eilimint ná ‘a place’.

Maidir leis an gcáilitheoir, léiríonn na foirmeacha Gaeilge *Lag an mhóirín* (12), *Lag an mhúirín* (13) agus *Log an Mhúirín* (14) go raibh glactha leis gur guta fada a bhí sa siolla deiridh den cháilitheoir, go seasann *-een* (10) do *-ín* na Gaeilge, agus gurb é is bunús leis sa siolla deiridh den eilimint Ghaeilge MÚIRÍN/ MÓIRÍN a fhaightear scríofa i leaganacha Gaeilge na Suirbhéireachta Ordanáis sa 19ú haois agus sa 20ú haois. Ar ndóigh, tacaíonn fianaise na leaganacha foghraíochta a bailíodh le linn an staidéir seo leis an bhfianaise sin, mar go léirítear go bhfuil béim ar an gcéad siolla agus ar an siolla deireanach, féach /'lega₁vo:r'i:n/ (16) agus /'lega₁vu:r'i:n/ (16) mar atá san fhoirm *Lagavooreen* (10) a bhailigh OK agus OC sa bhliain 1836.

Tá dhá mhíniú tugtha ar *múr* in DIL gur fiú a smaoinreamh orthu i gcomhthéacs *Lagavooreen*. Is iad sin:

1 *múr* o m., (Lat. murus) (a) a wall or rampart ... [used] of the dyke thrown up by digging a trench ...srl

²²⁷ Tá meascán mearaí sa dá fhoirm *Logamowran* agus *Legawran* (5) – míléamh *m* do *w* sa chéad cheann b’fhéidir, agus siolla fágtha ar lár sa dara sampla?

²²⁸ Seachas *Lag-* (1) a d’fhéadfadh a bheith athraithe ag an eagarthóir, mar a pléadh sa chéad fhonóta, is *Leg* atá mar phríomheilimint sna foirmeacha is túisce a scríobhadh don logainm, féach (2), (4), (5), (6), (7), (8). Is cosúil gurb iad lucht na SO a d’athraigh an guta go /a/ nó /u/ sna 1830í, féach (9), (10), (11) sa Tábla thuas.

3 múr other doubtful meanings (a) mire > O.N. myrr ‘slime’
‘úir’ [earth, soil] (*op cit*)

Más slán – *vooreen* (10) < [*a’ mhúirín], léirléamh O’Keefe agus O’Conor, is féidir dhá réiteach a thairiscint maidir le bunús an cháilitheora:

(i) d’fhéadfadh sé gurb é an t-ainmfhocal *múirín/ móirín* atá sa cháilitheoir - tá an focal **múirín** ‘... mire; *al.* múirthín’ ag Dineen (771) [= **3** in DIL thuasluaite],²²⁹ nó

(ii) d’fhéadfadh sé gurb é an focal *múr* + -ÍN an mhír dhíspeagtha atá ann [= **1** in DIL thuasluaite].

Mhínigh J. O N[eill] bun-Ghaeilge *Lag an mhóirín* mar ‘A Hollow or muddy place’ (12), agus chláraigh an SO *Lag a mhúirín* ‘Hollow of manure or mud’ (13) don logainm freisin. Tá fianaise thíreolaíoch stairiúil ann chun tacú leis an smaoineamh gur *mire* > O.N. myrr ‘slime’ ‘úir’ [earth, soil] atá mar bhunús an cháilitheora, féach:

Along the Marsh Road [atá achar beag soir ó *Lagavoreen* atá ó deas den Bhóinn] mudflats fringed the river, hence it was shallower and wider than at present ... the southern shore was reclaimed ... Along this river bank the first edition OS map shows that the riverside was lined with mud-flats in 1835. People traversing the roadway that runs parallel to the south bank of the river seemingly had difficulty picking their way along the swampy terrain and hence named it the ‘Marsh Road’ 2009:13 (nó 17 sa chomhad pdf).²³⁰

agus

...prior to the construction of St Mary’s Mills [sa 19ú haois] this site had been an intertidal mud flat bounded to the south by landscaped gardens (*ibid* 40)

agus

... The survey ... concluded that the larger area of present-day riverfront is not ancient, and dates mainly from the 19th Century (*ibid*:26 (nó 30 sa chomhad pdf).

Ar ndóigh, má ba leithne an abhainn agus má bhí réileáin láibe [*mudflats*] lena hais sa 19ú haois sular tugadh chun míntíreachais an talamh atá cois na Bóinne anois,

²²⁹ Seo an iontráil: **múirín** ‘mould., turf mould (*Mayo*), mire; *al.* múirthín’ (*op cit*)

²³⁰ <http://www.environ.ie/en/Foreshore/ApplicationsandDeterminations/TaleburyHoldings/ApplicationDetails/FileDownload.32494.en.pdf> Is tuairisc é seo faoin teideal *Underwater Archaeological Impact Assessment of Proposed Outfall at South Quays, Drogheda, Co. Louth*. Coimisiúnaíodh an tuairisc mar go raibh sé i gceist oibreacha a chur i gcrích ar shuíomh ar leith achar beag soir ó thuaidh de *Lagavoreen* agus thagair an tuairisc do ghnéithe ábhartha a bhain leis na bailte fearainn máguaird.

chaitheadh sé go mbíodh réileáin láibe ann i rith na 18ú haoise agus níos túsce arís sa 17ú haois chomh maith, an tréimhse ama lena mbaineann na tagairtí atá cruinnithe sa Tábla thuas. D'fhéadfadh sé gur *múr* + *-ín* (an mhír dhíspeagtha) atá sa cháilitheoir. D'oibreodh *múr* sa dá chiall mar atá faoi **1** agus **3** in DIL thuasluaite, mar

- (i) bheifí ag súil go dtógfaí a leithéid de mhúirín 'little trench dyke' thimpeall ar áit lán le clábar, ar mhaithe leis an talamh a dhraeineáil, go mór mór cois abhann fhearsaidiúil ar nós na Bóinne
- (ii) is léir go mbíodh *múr* nó mire' ar na réileáin láibe in aice na Bóinne sna haoiseanna atá thart.²³¹

Mar sin, is cosúil gur ón struchtúr Gaeilge LOG + ALT + MÚR + -ÍN > *Log an Mhúirín* (14) 'a miry place' nó 'a place with a little dyke' a díorthaíodh *Lagavooreen* mar ar bailíodh sa 19ú haois é, nó /'legə,vo:r'i:n/, /'legə,vu:r'i:n/ (16) mar a deirtear go comhaimseartha é.

²³¹ 'While the exact source of the name [*Lag an Mhúirín*] is not recorded it almost certainly is reflective of the poor condition to the ground in the area. This is further reflected in the name of the nearby *Bhóthar an Mhéirse* (*sic*) or 'Marsh Road'. A term or description reflecting the state of the ground is a common occurrence in Irish placenames' (*ibid* 28 (nó 32 sa chomhad pdf).

Caibidil 3: Tionchair éagsúla ar Ainmniú Pharóistí agus Bhailte Fearainn Dhamh Liag Íochtarach: Gnéithe Aiceanta, Lonnaíocht agus Logainmneacha

Tá logainmneacha seanbhunaithe dúchasacha Gaeilge le fáil i nDamh Liag Íochtarach, chomh maith le logainmneacha a bhfuil bunús a n-eilimintí le fáil go stairiúil i Sasana,¹ sa Normainn nó sa Fhrainc.² Faightear cúpla baile fearainn a bhfuil an eilimint BAILE iontu, chomh maith le cúpla baile fearainn eile a mb'fhacthas do dhaoine go raibh an eilimint BAL iontu, ach a bhfuil malairt léirléamha tairigthe dóibh sa tráchtas seo; agus ar ndóigh, tá a cion féin ag Damh Liag Íochtarach de bhailte fearainn a bhfuil an eilimint TOWN iontu. Tá tacar beag logainmneacha Béarla ann, a thagann ón tréimhse ama i ndiaidh choigistiú na mainistreacha, a bhfuil blas na hEaglaise orthu, chomh maith le logainm amháin Béarla ón 18ú haois³ agus dornán logainmneacha Béarla ón 19ú haois. Chonacthas i gcorp an tráchtais go bhfuil eilimintí tíreolaíocha, eilimintí fásra, eilimintí a thagraíonn d'fheabhsú na talún, eilimintí a bhaineann leis an Luath-Chríostaíocht agus leis an gCríostaíocht sa dara mílaois le sonrú i logainmneacha na leathbharúntachta. Luaitear dhá logainmn a fhaightear sna hAnnála, chomh maith le fianaise ar dhá eilimint eile a scríobhadh sna nAnnála ag an tréimhse ama céanna, ar féidir nasc a dhéanamh eatarthu tríd an seanchas agus tríd an litríocht. Frítheadh dornán beag logainmneacha, ar deacair cinneadh sásúil a dhéanamh faoina mbunús. Spléachfar ar na grúpaí éagsúla sa Chaibidil seo.

1. Tionchar na nGnéithe Aiceanta ar Logainmneacha Dhamh Liag Íochtarach

Faightear thart ar 26 logainmn sa leathbharúntacht idir Ghaeilge agus Bhéarla a bhfuil eilimint iontu a thagraíonn do ghné aiceanta éigin, nó d'fhásra éigin de chuid an cheantair. Breathnófar orthusan anois, ag tosú leis na logainmneacha a bhfuil eilimintí Gaeilge iontu.

¹ cf. *Ministown* [62] (> *Midnithestoun* 1290), *Rogerstown* [64] (*Rogerstoun* 1235 -1280), *Kentstown* [69] (vill of Kent 1302-06), *Shallon*/*Baile/Bealach an Locha [78], *Thurstianstown* [88] (*Thurstyneston* 1529) agus *Gillinstown* [42] (*Gyllingeston* 1381).

² cf. *BeyBeg/ Bey More* [5] > *Bello Becco* 1224 [= *Beaubec* 1235], *Gafney* [38], (*Platin* [49]). *Les Maudelyneslands* cf. *Prioryland* [50]. Féach. freisin *de Cruys* in *Cruicerath* [18], *Balle* in *Balrath* [90], *Gascoigne* in *Gaskinstown* [40] agus *Villa Marinorum/ villa Robert de Mariner* c. 1211/ *Robert le Marnier* 1234 a claochlaíodh *Mornington* [10]. cf. an mhoirféim *-et-* in *Pilltown* [13], agus an t-alt *le, les* i bhfoirmeacha stairiúla logainmneacha áirithe.

³ Ní baile fearainn atá i gceist le *Freeland/ Freelone*, ach tagraíonn sé do chuid de *Newtown* [48].

1. 1 Críocha Arda

Faightear CNOC sna logainmneacha *Knockisland*/ *Cnoc Iolainn [44], *Knockharley*/ *Cnoc Eirce/ *Cnoc Eirci [70] agus *Knockcommon*/ *Cnoc Cam Abhainn [81].⁴ D'fhéadfadh sé gur leitir cnoic nó learg atá i gceist sa logainmn *Cullen*/ *Cuilleann [79]. Tharlódh go bhfuil na heilimintí FIONN agus BRÍ ceilte sa logainm *Fennor*/ Fionnabhair [57] > *WINDOBRIS. B'fhéidir gurb é *Crochtaigh atá mar bhunús de *Crufty* [75], ach b'fhéidir gur *Knockcrofty*/ *Cnoc Crochta a bhí air i dtús báire. Tagraíonn *Mullaghfin* [47] do bharr cnoic a bhfuil dath geal air, tharlódh a bheith díorthaithe ó na heilimintí coitianta MULLACH agus FINN/ FIONN .i.*Mullach Fionn. Is ar dhromann de 50 méadar atá *Drumman*/ *Drumainn [36] suite, gan sa logainm sin ach an eilimint DROMANN.

1. 2 Áiteanna Fliucha

Tagraíonn tacar beag logainmneacha Dhamh Liag Íochtarach d'áiteanna uisciúla, nó fliucha. Tá an eilimint CORRACH le fáil in *Curraghtown* [67]. Is í an eilimint RIASC atá mar bhunús le *Reask* [52]. Tharlódh go dtagraíonn an eilimint SNÍ (nó SNIGE) sa logainm *Snigheog/ *Sneeoge* [55] do shrutháinín a shníonn tríd an mbaile fearainn a bhfuil a fhoinsé ar an mbaile fearainn céanna. Gnáthóg éan a mhaireann in áiteanna fliucha atá léirithe sa logainm *Annagor*/ *Eanach gCorr [73], agus é díorthaithe ó na heilimintí EANACH + CORR. Is dócha gurb é *Baile an Locha nó *Bealach an Locha is bunús le *Ballelogh*, logainm stairiúil a aimsíodh don bhaile fearainn *Shallon* [78] (tagrófar do *Shallon* arís i measc logainmneacha Béarla na leathbharúntacht in 1.4 thíos). Léiríonn *Ninch*/ An Inse [63] nádúr shuíomh an bhaile fearainn sin, agus é suite ar bhéal na hAiní ar chósta Mhuir Éireann. Is san 18ú haois a bhfuil teacht ar an gcéad fhoirm stairiúil de *Lagavoureen*/ Log an Mhúirín [93],⁵ agus tharlódh go dtagraíonn an t-ainm sin do staid na réileán láibe a bhíodh thimpeall ar bhéal na Bóinne an t-am a mbíodh obair á déanamh orthu lena dtabhairt chun míntíreachais. D'fhéadfadh sé gur ón nGaeilge a díorthaíodh *Log an Mhóirín 'a miry place', de bharr fairsinge na réileán láibe a bhíodh san áit, cé gurb é Log an Mhúirín 'Hollow of manure or mud' atá deimhnithe ag an SO dó (*logainm.ie* 2010); nó d'fhéadfaí an chiall 'a place with a little dyke' a bhaint as, de bharr an tsaothraithe a rinneadh chun bruach clábarach na Bóinne a

⁴ Luafar *Knockcommon* [81] i measc na logainmneacha a bhaineann le háiteanna fliucha freisin.

⁵ Má thagraíonn an fhoirm *Lugavoiar* a scríobhadh sna *Headfort Papers* in 1792 [> ?*Log an Mhúir] do *Lagavoureen* [93], tharlódh nach raibh an mhír dhíspeagtha i gcaint na ndaoine ag deireadh na 18ú haoise (MS 26736 sa Leabharlann Náisiúnta).

dhraeneáil trí mhúrtha beaga a thógáil. (Luafar an logainm *Black Ditch* [28] thíos i gcomhthéacs talamh a dhraenáil freisin.) Tharlódh gurb é CAMABHAINN cáilitheoir *Knockcommon* [81], comhfhocal atá cumtha as na heilimintí CAM agus ABHAINN, mar go bhfuil fo-aibhneacha de chuid na Bóinne ag sní trí chúig cinn as sé cinn de na bailte fearainn i bparóiste *Knockcommon*, cé nach féidir, ceal fianaise, CAMABHAINN a rianadh siar go leanúnach sna samplaí scríofa de *Knockcommon* a bailíodh. Is i bparóiste Dhamh Liag atá foinse na habhann *The Lougher River* - is dócha gur ainmnithe i ndiaidh an bhaile fearainn *Lougher* [46] atá sí, agus an chuma ar an logainm *Lougher* gur díorthaíodh ó *Luachair é.

1.3 Fásra

Caomhnaíonn an logainm *Rosnaree*/ Ros na Ríogh [84] cuimhne ar iorras faoi choill a bhí ó dheas de lúb sa Bhóinn. Tharlódh go raibh fearnaí i m*Balsaran* [27] roimh an 16ú haois agus gur air sin a bunaíodh an logainm *Ball Fearna ‘place of [the] alder tree[s]’, nó *Béal Átha Fearna. Cé gur pléadh léirléamha eile ar *Balsaran*, is deacair cás cinnte a dhéanamh d’aon cheann díobh, mar níl fianaise an cháilitheora críochnúil, cé go bhfuil sí le fáil go leanúnach le beagnach 500 céad blian - faightear samplaí stairiúla den logainm a bhfuil an túsleitir #S- sa cháilitheoir agus samplaí eile a thosaíonn le #F-.

1.4 Eilimintí Béarla, Gnéithe Aiceanta

Spléachfar ar na heilimintí Béarla a thagraíonn do ghnéithe aiceanta Dhamh Liag Íochtarach anois. Tá MOUNTAIN mar chuid den logainm *Redmountain* [53]. Tharlódh gurb í an eilimint Sean-Bhéarla DENU ‘a valley’ atá ceilte sa logainm *Deenes* [34] atá suite i ngleann idir an Ainí agus ceann dá cuid fo-aibhneacha. Feictear an eilimint PUL ‘pool’ sa Bhéarla (‘poll’ sa Ghaeilge) in *Pilltown* [13]; tagann mír shealbhach an Bhéarla idir céad-eilimint an logainm agus *ton* sa chéad sampla stairiúil a bailíodh (- más díorthaithe ón sloinne *Pulle* [*Pelle/ Pille*] atá cáilitheoir an logainm sin, is ar an bhfocal *pūl* a bunaíodh an sloinne féin). Tharlódh go bhfuil an eilimint *Lād* ‘a stream’ ón Sean-Bhéarla ina cháilitheoir ag *Laytown* [9], agus b’fhéidir gurb í an eilimint SCEALWN ón Sean-Bhéarla (claontuiseal de **sc(e)alu* ‘shallow’) is bunús le *Shallon* [78]. Sreabhann uiscí na Bóinne timpeall ar dhá oileán bheaga - *Grove Island* [20] agus *Yellow Island* [25]. Is cosúil gurb é ISLAND atá ag cáiliú na heiliminte CNOC (a luadh in 1.1 thuas) sa logainm *Knockisland* [44] sa 19ú haois, ach tharlódh gurb é an t-ainm

pearsanta Gaelach *Iollann* atá comhshamhlaithe leis an eilimint Bhéarla ISLAND sa logainm sin. Is í an eilimint LAND atá sna logainmneacha *Abbeyland* [26], *Prioryland* [50] agus *Sevitsland* [65] (féach nóta ar an eilimint LAND ag deireadh *Abbeyland* [26]).

1.4.1 Eilimintí Béarla, Déantús an Duine

Tógtar droichead ó bhruach go bruach abhann, ar ndóigh, agus tá an eilimint BRIDGE sa logainm *Oldbridge* [21], baile fearainn atá ar bhruach theas na Bóinne agus tagairt do dhéantús an duine intuigthe sa logainm sin, agus é cáilithe leis an aidiacht Bhéarla ‘old’.

1.5 Feabhsú na talún/ Glanadh na gcoillte

Tá *Blackditch* [28] suite trasna na habhann ón áit a gcasann an *Black Trench* leis An Ainí. Caomhnaíonn *Blackditch* cuimhne ar an gcleachtas a bhíodh ann, díoganna beaga a thógáil ar mhaithe leis an talamh a dhraeineáil (Duffy 2007:67). Is cosúil nár tosaíodh ar an obair seo i bparóiste Dhamh Liag go dtí an 18ú haois, mar is sa bhliain 1743 a frítheadh an taifead is luaithe do *Blackditch* i bparóiste Dhamh Liag, (ach an oiread leis an logainm Gaeilge *Lagavoureen/ Log an Mhúirín* [93] a luadh in 1.2 cheana). D’fhéadfadh sé gur nascadh an eilimint BLACK, ón logainm *The Black Trench*, agus an eilimint DITCH le chéile chun an logainm *Blackditch* a chumadh. Maidir le *Garballagh* [39] > *Carblagh*, tá níos mó ná léirléamh amháin le tairiscint ar an logainm sin - luafar anseo go bhféadfadh sé gur ón nGaeilge (i) **Cearba* [+ cailiúint cáilíocht #C'-] + *-lach* + coimriú > *Carblach* ‘the cut or cleared place, a clearing’ a díorthaíodh é.

2. Lonnaíocht agus Logainmneacha

Is féidir macalla na réamhstaire agus rian na staire a aithint ar logainmneacha áirithe a léiríonn lonnaíocht i nDamh Liag Íochtarach. Tagraíonn na heilimintí DÚN agus RÁTH d’áiteanna lonnaíochta a bhíodh ann sa réamhstair, agus scríobhadh i litríocht na Meán-Ghaeilge iad go minic. Tháinig LONGPHORT chun cinn leis na Lochlannaigh. D’fhéadfadh sé go raibh na Lochlannaigh i n*Gaulstown* [41] freisin, mar go bhfuil foirm stairiúil a scríobhadh sa 14ú haois ann .i. *Fingallstown*. Baineann na heilimintí DAMH + LIAG, DOMHNACH, CILL, TEACH, leis an gCríostaíocht, chomh maith leis na heilimintí CEALLTRACH, CAILLEACH agus CLUAIN a thaispeánann tionchar na gCríostaithe a bhí lonnaithe sa cheantar. Tá an eilimint BAILE le fáil go cinnte i dhá logainm, agus feictear borradh mór faoin eilimint VILLA/ TON/ TOUN/ TOWN[E] i logainmneacha Dhamh Liag Íochtarach le teacht na gcoilíneach. Is sa 15ú haois a

fheictear an eilimint BAL i logainmneacha na Páile, agus cé nach bhfuil aon chinnteacht ann gurb í an eilimint BAL > BAILE atá i gceachtar de na logainmneacha *Balsaran* [27] ná *Balrath* [90] pléifear thíos in 8 - 8.4 an eilimint sin. Le díscáoileadh na mainistreacha sa 16ú haois, feictear na heilimintí nua Béarla ABBEY, LAND agus PRIORY den chéad uair. Faightear GLEBE níos deireanaí sa 19ú haois.

2.1 Eilimintí Lonnaíochta atá fréamhaithe sa Réamhstair: DÚN

Is i ndúnta a lonnaigh ríthe agus taoisigh na nGael in Aois an Laochra, agus léirigh *Ibor* ara Chú Chulainn a dtábhacht don laoch óg nuair a d'ainmnigh sé gach 'prímdúne' idir Teamhair agus Ceanannas, agus iad ar an gcéad turas sa charbad an lá a ghlac Cú Chulainn airm (TBC Recension 1. 1976:22, 700).

Deir Ó Maolfabhail:

Is cosúil gur le linn na tréimhse stairiúil a cumadh cuid mhór de na logainmneacha in Éirinn a bhfuil *dún* iontu, ach caithfidh gur sine ná sin cuid de na *dún*-ainmneacha (2005:54).

Tugann sé na gluaiseanna 'áit daingean', 'foirgneamh daingnithe' ar DÚN chomh maith leis na fo-chialla logánta 'moll' agus 'carn' agus deir sé go bhfuil DÚN

i dtosach ainmeacha timpeall 600 baile fearainn ar fud Éireann ... agus é istigh in ainmneacha tuilleadh bailte fearainn (*ibid*).⁶

Deir sé gur féidir leis an bhfocal *dún* ina aonar, uatha nó iolra a bheith ina logainm [An Dún/ *Down*, na Dúnta/ *The Downs* (IM) Na Dúnaibh/ *Downies* (DG)], gur féidir aidiacht a bheith táite leis chun tosaigh [Seandún/ *Shandon* (Co)], nó scartha uaidh ina dhiaidh [Dún Mór/ *Dunmore East* (PL)] agus go mbíonn struchtúir éagsúla ar na logainmneacha a mbíonn DÚN iontu, mar a léirítear sna samplaí seo a leanas: DÚN + daonainm [Dún Cionnaola/ *Dunkineely* (DG)], DÚN + ainmfhocal [Dún Dealgan/ *Dundalk* (Lú)⁷], DÚN + logainm [Dún Eochaille/ *Donohill* (TÁ)⁸], DÚN + abairt réamhfhoclach [Dún ar aill (Co)]. Deir sé go mbíonn DÚN 'istigh san ainm' [Eanach Dhúin/ *Annaghdown* (Ga), Lios Dúin Bhearna/ *Lisdoonvarna* (Cl)], agus i gcás Dún/ *Doon* [Luim] gur leagan giorraithe den fhoirm stairiúil liteartha *Dún Bleisce* é (*ibid*:54-5).

⁶ Féach freisin léarscáil dháilte na ndúnta ar fud na tíre (O'Connor 2001:72).

⁷ Is ainm pearsanta é *Dealga* (logainm.ie 2013).

⁸ > EO + COILL

Bhí idir mhaorgacht agus fheidhm chosanta ag baint leis na hiliomad dúnta a tógadh ar fud na tíre, *Dún Aengus, Dún Sobhairce, Dún Cerma* ina measc (Flanagan & Flanagan 1994:76). Faightear sampla amháin de logainm i nDamh Liag Íochtarach a bhfuil an struchtúr DÚN + AINMFHOCAL air - is é sin *Donore/ *Dún Uabhair* [19].

2.2 RÁTH

Faightear an eilimint seanbhunaithe RÁTH go minic i logainmneacha, agus tá 89 ráth i gContae na Mí (O’Conor 2001:131).⁹ Tagraíodh do na taifid a rinne na seandálaithe ar rátha Dhamh Liag Íochtarach i gCaibidil 1, 3.1. Deir Flanagan & Flanagan go raibh an stádas céanna ag áiteanna a dtugtar *Ráth* nó *Dún* orthu (1994:132-33). Bhaintí leas as *ráth* chun baile rí nó taoisigh a chomharthú (*ibid*), féach na *rígrátha* agus ráthanna eile in LG vi (2009:116-17).¹⁰ Ní hamháin go bhfuil tagairtí fairsinge do ráthanna éagsúla le fáil sa litríocht Ghaeilge - féach TBC (1967,¹¹ 1961 (1978)¹² agus an Dinnsheanchas (*passim*), ach tá iarsmaí de ráthanna breátha le feiceáil ar fud na tíre.

Ba í an bhunchiall a bhí le *ráth*,¹³ ná cosaint a bhí tógtha le cré thimpeall ar áit chónaithe taoisigh nó ‘banc cosanta cré tógtha i bhfoirm fáinne’ (Ó Maolfabhail 2005:88). Leathnaigh an bhunchiall, gur shonraigh sé áitribh daoine taobh istigh de mhúr cosanta cré, agus thóg an téarma *ráth* an chiall thánaisteach ‘baile’ de réir *Sanas Cormaic* (Meyer 1912: 99, 1117).¹⁴ Is sa chiall thánaisteach sin a fhaightear *ráth* mar eilimint i logainmneacha, agus is é an áit lonnaíochta *in toto* atá i gceist leis an téarma (Flanagan & Flanagan:1994:132).

Bhí an eilimint RÁTH bisiúil i logainmneacha Gaelacha ó AD 500 go AD 1000 agus bhí borradh ar leith fúithi *circa* 800, ach éiríodh as leas a bhaint as RÁTH mar eilimint i logainmneacha a thagair do shuíomhanna a bhain le daoine a raibh stádas ard acu faoin 9ú nó faoin 10ú haois (Toner 1998-2000:3, 6). Tugadh athsaol arís don eilimint RÁTH i logainmneacha i ndiaidh theacht na Normannach, nuair a nasc sliocht na Normannach sloinnte dá gcuid féin leis an eilimint RÁTH chun logainmneacha nua a

⁹ Deir O’Conor go bhfuil RÁTH le fáil in thart ar 1,300 logainm sa tír (*op cit*). Féach léarscáil a ndáilte (*ibid*:130). Féach flúirse na dtagairtí do RÁTH mar eilimint i logainmneacha in innéacsanna ARÉ, AU srl. Féach freisin na logainmneacha stairiúla in Nic Dhonnchadha 1964:7 §9, *ibid*:16 §22, TBF 1967:3, líne 58 agus Mulchrone 1971:3 líne 67, mar shampla.

¹⁰ Cláraíonn Ó Riain 32 áit a bhfuil *Ráith* mar phriomheilimint iontu (LG vi *passim*). Féach freisin FFÉ a bhfuil 29 logainm le *Ráith* iontu (Dinneen 1914:424-25).

¹¹ *Ráith* Arthír (*op cit*:6, líne 216).

¹² *Ráith* Cló (*op cit*:156, líne 4906), *Ráith* Imbil = *Ráth* Laoghair Buadaigh (121, líne 3846), *Ráith* na dTarth *sic* [= *Tarb*] (160, líne 5056-7).

¹³ *Ráth* = ‘earthen rampart’ DIL.

¹⁴ *rath* .i. baile, ðn rates* asberar. [Séimhítear an litir *t* .i. *rathes in H2 (*op cit*).

chumadh, mar a tharla leis na Normannaigh sa Bhreatain Bheag, nuair a bhaineadar leas as an eilimint EWYAS, (*Ewias*), i gcás na logainmneacha *Ewas Harold* agus *Ewas Lacy*.¹⁵ Bhain na Normannaigh leas as ‘ráth’ mar mhír léacsach ina gcuid cainte (de hÓir 1974:106, 1975 A:136) agus tharlódh gur thagair RÁTH do na ráthanna cosantacha nua a thóg na Normannaigh féin (Toner 1998-00:12-13). D’athraíodar struchtúr seanbhunaithe logainmneacha a bhfuil an phríomheilimint RÁTH iontu in amanna (OSL:7) agus iad ag baint leasa as a gcuid sloinnte féin roimh RÁTH (cf. Caibidil 4).

Faightear RÁTH mar eilimint as féin i logainmneacha,¹⁶ nó cáilítear le hainmfhocal eile é,¹⁷ nó le haidiacht,¹⁸ nó cáilítear le haidiacht méide nó le hiarmhír dhíspeagtha,¹⁹ nó le dath é.²⁰ Bíonn RÁTH le fáil mar phríomheilimint níos minice ná a mhalairt, i logainmneacha a bhfuil dhá mhír (nó níos mó) iontu.²¹ Is iomaí aicmí éagsúla cáilitheoirí a bhíonn nasctha le RÁTH - ainm duine mar shampla,²² nó sloinne mar a luadh thuas. Bíonn gné thíreolaíoch²³ nó crann²⁴ nó fásra²⁵ mar cháilitheoir ar RÁTH go minic freisin. Ar na hocht logainm a bhfuil an eilimint RÁTH le fáil iontu i mbarúntacht Dhamh Liag, tá dhá cheann díobh - *Rath* agus *Rathcareston* i nDamh Liag Uachtarach. Is i nDamh Liag Íochtarach atá na sé cinn eile - *Cruicerath* [18], *Rathmullan* [22], *Rahill* [51], *Tuiterath* [71], *Rathdrinagh* [83] agus *Balrath* [90].

Bhí lonnaíocht i *Rathmullan* sa réamhstair agus tharlódh go raibh an logainm *Rathmullan* [22] seanbhunaithe i nDamh Liag Íochtarach roimh theacht na

¹⁵ Ríocht Ceilteach a bhí in *Ewyas* - tugadh *Ewas* air sa 9ú haois. Bhíodh cuid de i *Monmouthshire* na Breataine Bige. ‘Very typically, its rulers traced their lineage to some of the greatest figures of Celtic British history, the list of ancestors dating back to the landing of Julius Caesar in 55 BC. Much of this until the fourth century is semi-legendary, but may well have been based on fact (<http://www.historyfiles.co.uk/KingListsBritain/CymruGwent.htm>). Tógadh caisleáin Normannacha ag *Ewas Harold* ‘now within Hertfordshire England’ faoin mbliain 1048.

¹⁶ Ráth/ *Rath* Co (logainm.ie).

¹⁷ Ráth lín/ *Rathleen* CC (Joyce c1870:329, Ráth Bhoth/ *Raphoe* DG (Flanagan & Flanagan (1994) 2002:248); Ráth na mBodach/ *Rathnamuddagh* IM (*ibid*), Ráth Cleiteach/ *Rathclittagh* IM (*ibid*:248)

¹⁸ Ráth Maoil/ *Rathmoyle* (Joyce c1870:249).

¹⁹ Ráth Mór, A; Ráithín, Co, IM, LG (*ibid*:249).

²⁰ Ráth-riabhach/ *Rathreagh* Lo (Joyce [gan dáta]:283), Ráth Bán/ *Raubawn* IM (Flanagan & Flanagan (1994) 2002:249).

²¹ *Rathkilmore* agus *Newtown Rathganley*, [Déise Uachtarach] mar shampla.

²² Ráth Aodha mic Bricc, IM (Flanagan & Flanagan (1994) 2002:134), Ráth Tó/ *Rathoath* (*ibid*:249); *Rathbraghan*, Sl, (Joyce 1913:537), *Rathcash*, CC, MEo (*ibid*). Ba é ríomh Toner i staidéar a rinne sé ar logainmneacha i Luim, CC, Muin, Lú agus PL ná go raibh RÁTH + AINM PEARSANTA in 31% den iomlán [137 logainm] (1998-2000:11).

²³ Ráth Droma/ *Rathdrum* IM (Flanagan & Flanagan (1994) 2002:248) Ráth na Mach/ *Rathnamagh*, MEo (*ibid*:249); Ráth Ghainmhe/ *Rathanny* IM (*ibid*:249); Ráth Charrach/ *Rathcarra* IM (*ibid*:248)

²⁴ Ráth-tsaileach/ *Ratallagh* D (Joyce 1913:537); Ráth an Iúir/ *Rathnure* LG (Flanagan & Flanagan (1994) 2002:249), Ráth Bhile/ *Rathvilly* Ce (*ibid*).

²⁵ Ráth Driseog/ *Rathdrishogue* IM, (*ibid*:248).

Normannach, cé nach bhfuil fianaise le fáil air go dtí an 12ú haois. Ní fhaightear taifead ar *Rahill* [51] nó ar *Rathdrinagh* [83] go dtí gur scríobhadh in CSL agus in IMP iad nuair a bhí tailte na mainistreacha le roinnt, ach tharlódh go rabhadar ann le fada an lá roimh a dtaifeadta; tharlódh fiú go bhfuil ceangal idir *Rahill* agus logainmneacha eile atá luaite sna hAnnála *circa* tús na 6ú haoise .i. *Knockisland* [44], *Lougher* [46] agus *Fennor* [57] cf. 2.4 thíos.

Is cosúil gur sloinnte Normannacha atá i gcáilitheoirí na logainmneacha *Cruicerath* [18], *Tuiterath* [71] (agus b'fhéidir *Rathdrinagh* [83] - tugtar dhá léirléamh ar cháilitheoir *Rathdrinagh* sa tráchtas). Maidir le *Balrath* [90], tharlódh gurb é an sloinne *Balle*, seachas an eilimint BAL (an fhoirm laghdaithe de BAILE) atá sa chéad eilimint, ach ar ndóigh, níl amhras ar bith ann, ach gurb í an eilimint RÁTH príomheilimint an logainm sin.

2.3 LONGPHORT

Deir Flanagan nár baineadh leas as LONGPHORT sna hAnnála, sa chiall 'áit lonnaithe bhuan' nó 'established residence', mar a bheadh ag taoiseach, anuas go dtí an 13ú haois. Deir sí gur baineadh leas as sa chiall sin níos minice sa 14ú haois, agus níos minice arís sna haoiseanna ina dhiaidh sin (1983:31-33). Deir sí go gcoinnítí le húsáid LONGPHORT agus an bhunchiall 'encampment' nó 'campa míleata' leis ag an am céanna (*ibid*).²⁶ Deir sí freisin:

The indications are that the element *longphort* in the habitative context is later than the main *dún*, *ráth*, *lios* phase (*ibid*:31).²⁷

Is sa bhliain 1302 a frítheadh an chéad tagairt do *Longford* [45] Dhamh Liag Íochtarach.

2.4 Ceithre Ainm a bhfuil fáil orthu, nó ar eilimintí díobh, sna hAnnála, faoi na blianta 489, 524 agus 526

Chuireas an tuairim chun cinn go bhfuil nasc an tseanchais idir na logainmneacha *Lougher* [46], *Fennor* [57], *Knockisland* [44] agus *Rahill* [51] mar atáthar le fáil sna hAnnála. Luaitear *Iollann* mac le *Dúnlaing*, rí Laighean le Cath Luachra [= *Lougher*] agus le Cath Fionnabhrach [= *Fennor*] agus tharlódh gurb é *Iollann* cáilitheoir an logainm *Cnoc Iollainn/ *Knockisland* [44]. Tharlódh gurb é ainm Oilill (nó Ailill), mac le hIollann atá ag cáiliú an logainm *Rahill*. D'fhéadfadh *Rahill* a bheith díorthaithe ó

²⁶ Féach freisin Flanagan & Flanagan 1994:116-17

²⁷ Is c1252 a fhaightear an chéad tagairt stairiúil do *Donore* [19].

*Ráth hOilill nó ó *Ráth hAilill [51]. Is ag deireadh na 5ú haoise agus ag tús na 6ú haoise a fhaightear trácht ar eachtraí Iollainn agus a chlann mhac sna hAnnála éagsúla. Faightear tuairisc ar an dá bhua mhíorúilteacha a bhronn Bríd ar Iollann (fad saoil agus coscair i gcath) i seanchas na naomh (Colgan 1645 *passim*).

3. An Chríostaíocht agus Lonnaíocht i nDamh Liag Íochtarach

Braitear anáil ré na Luath-Chríostaíochta ar na heilimintí DAMH LIAG, DOMHNACH, TEACH agus CILL. Ba nós é, na príomheilimintí sin a cháiliú le hainm naoimh, agus mar a fheicfear thíos, leanann dornán logainmneacha i nDamh Liag Íochtarach an pátrún seo. Tá tionchar mainistreach ban, dairtheach agus adhlacthaí neamhchoiscithe le sonrú i logainmneacha na leathbharúntachta a bhfuil na heilimintí CAILLEACH, CLUAIN, LUSCA agus CEALLTRACH iontu. Rianófar an cúlra stairiúil as ar eascair na logainmneacha ábhartha sin thíos.

3.1 DAMH LIAG agus DAMH LIAG CHIANÁIN

Baineadh leas as *damliag* chun teach pobail nó séipéal a tógadh as cloch a ainmniú (O’Rahilly 1950:332-33). Tógadh ocht ndamh liag le linn mhisean Phádraig, de réir Leabhar Ard Mhacha agus ba é an damh liag in *Duleek* an t-ochtú ceann díobh. Mar sin, tá na heilimintí DAMH agus LIAG (< *dam* ‘house, dwelling place’ + *lia* ‘stone’ + *gin*) le fáil sa logainm Damh Liag/ *Duleek* [37] mar ainm ar an mbaile fearainn, ar an bparóiste agus ar an mbarúntacht. Is cosúil gur tugadh *Argetbor* ar Dhamh Liag sular tháinig Pádraig leis an gCríostaíocht agus gur *super Argetbor* a tógadh an damh liag dá chuidse sa bhliain 488/9 (Bieler 1979:131). Mar sin, téann an logainm Damh Liag siar go haimsir Phádraig.

Tá sé ráite sna hAnnála, go raibh an t-ainm *Cian* ar shinsear Chiannachta, agus go mbíodh na Ciannachta láidir i m*Breg*, ón am ar bhronn Cormac mac Airt an ríocht *Ciannachta Brega* orthu, i ndiaidh *Cath Crinna* sa bhliain 226 (226 ARÉ i:110).²⁸ Is cosúil go raibh na Ciannachta fós láidir sa 5ú haois dhá chéad bliain ina dhiaidh sin, nuair a tháinig Pádraig, agus gur chothaigh Pádraig nasc idir lonnaitheoirí na háite agus

²⁸ AD 226 ‘... ba i tífocraic (*sic*) an chatha do rata o Chorbmac do Thadhg an fearonn forsa ttá Ciannachta, i Muigh Breagh...’ (*op cit*). Sinsear le Cianán a bhí sa *Tadhg* thuasluaite (LL vi 350d, O’Sullivan 1983). Deir Ó Donnabháin: ‘The territory of this tribe extended from the river Liffey to near Drumiskin, in the County of Louth. Duleek, in the County of Meath, is mentioned as in it’ (*op cit*, fonóta h). cf. *Frag Ann* 1978:230 freisin. cf. *Cath Crionna* FFÉ i:80. Féach freisin an t-innéacs in LG vi (2009:83). Déantar tagairt do na Ciannachta i ngeinealach an easpaig *Cetheacho*: ‘Ocus docótar lá Cetheacho epsop dfa thír [.i. Pátraic agus Cetheacho]. Do cheniul Aillello [a athair]: a máthair do cheniul Saí do Chíanacht ó Domhnach Sáirigi ic Dom-Liacc Cianán’ (Mulchrone 1939: 64-5).

an Chríostaíocht tráth ar bhaist sé an t-ainm *Cianán* (> *Cian* + *-án*) ar mhac altrama leis.

Seo é an tátal a bhain Bradley as baisteadh Chianáin le Pádraig:

The similarity of his name with that of the ...
Ciannachta, suggests that ... he was a Christianised
form of tribal ancestor deity (1980-81:48).

Deirtear gurb é Pádraig a thóg an chéad teach pobail i nDamh Liag,²⁹ go raibh *Kannanus*/ *Cianán* ina dheisceabal ag Pádraig agus gur oirnigh Pádraig ina easpag é sa bhliain 472. Ansin bhunaigh *Cianán* mainistir i nDamh Liag gar don teach pobail a bhí tógtha cheana féin ag Pádraig,³⁰ chomh maith le teach pobail (a tógadh as cloch) agus tugadh *Damh Liag Chianáin* air. D'fheidhmigh sé mar logainm agus tá samplaí de le fáil idir an 7ú haois agus an 12ú haois sna hAnnála AU agus ARÉ, cf. *Damh Liag/ Duleek* [37].³¹ Is i dtéacs Laidine Thíreacháin i Leabhar Ard Mhacha a fhaightear *Domun Liacc Cennanni* - an chéad tagairt stairiúil don áit (Bieler 1979:146). D'éag *Cianán* sa bhliain 488 de réir ARÉ, nó in 491 de réir AI. Is é *Damhliag* [?'recte *Damh Liag 'house/ church of stone'] atá deimhnithe ag an SO mar logainm ar an mbaile fearainn, ar an bparóiste agus ar an mbarúntacht araon.

3.2 DOMHNACH

Is ón Laidin, *Dominicum*, sa chiall 'séipéal' nó 'teach pobail', a thagann an eilimint DOMHNACH i logainmneacha (Flanagan 1981-82 B:70). Is le linn mhisean Phádraig a cruthaíodh logainmneacha den chéad uair a bhfuil DOMHNACH mar phríomheilimint iontu, agus iad dáilte ar na háiteanna a raibh na chéad phobail Chríostaithe iontu. Eilimint bhisiúil i ré na Luath-Chríostaíochta a bhí i nDOMHNACH a nascadh leis an aidiacht 'mór' go minic,³² nó níos minice le hainm naoimh, nó le hainm fir eaglasta. Is go neamhspleách ar mhisean Phádraig a leath a húsáid i logainmneacha in oirthear agus i ndeisceart na tíre sa tréimhse ama idir teacht Phádraig agus an leath deireanach den 6ú

²⁹ Féach *ecclesia sancti Patricii de Duuelec* (ICL:222, Cairt 22, c1256). Deir Ó Donnabháin (AD 1836): 'The people point out the remains of the first house, that was built of stones in Ireland. Tradition says it was built by St Patrick. Some say it was built by St Kenan, however it is called by a few ... St Patrick's Chapel. It stands ...' (OSL:135).

³⁰ 'De aeclissiis quas fundavit in campo Breg... viii super argetbor in qua ,<fuit> Kannanus episcopus, quem ordinavit Patricus ...' (Bieler 1979:130). '... a church of lime and stone' (Archdall 1786:533). Féach freisin Wilde (Ó Lochlainn) 1849 (1949):202.

³¹ Tá os cionn 60 sampla liostaithe a bhfuil an t-ainm *Cianáin* iontu, féach Caibidil 2 [37].

³² Faightear eilimintí breise i logainmneacha a bhfuil DOMHNACH agus MÓR iontu scaití, mar shampla, Domhnach Mór Mhá Cobha/ *Donaghmore* [Dn], Domhnach Mór Mac Iomchláir/ *Donaghmore* [TEo], (Flanagan 1981-82 B:71) agus Domhnach Riascadh/ *Donaghrisk* (*ibid*).

haois (Flanagan & Flanagan 1994:71).³³ Éiríodh as leas a bhaint as DOMHNACH mar théarma teach pobail faoin gcuid dheireanach den 7ú haois agus baineadh leas as CILL ina áit (Flanagan 1981-82 B:71-2).³⁴ Baineann an sampla *Donacarney* [7] leis an tacar sin de logainmneacha a bhfuil DOMHNACH mar phríomheilimint iontu agus ainm naoimh mar cháilitheoir orthu. Is dócha gurb é an t-ainm *Cairneach* atá i gcáilitheoir *Donacarney*/ *Domhnach Carnaigh [7]. Briotánach a bhí i gCairneach agus bhí sé páirteach i misean Phádraig sa 5ú haois. Luaitear Cairneach sa naomhsheanchas agus faightear tuairiscí air in Annála na 6ú haoise freisin (*passim*).

3.3 CILL

Tá an eilimint CILL an-choitianta i logainmneacha.³⁵ Is é an tuiséal tabharthach den fhocal ‘cell’ (> Laidin *cella*, ā baininsneach DIL:110) atá san eilimint CILL. Feidhmíonn CILL mar tuiséal ainmneach i bpríomheilimint logainmneacha. Pléann Flanagan CILL go cuimsitheach, agus deir sí go gciallaíonn CILL eaglais nó lonnú nó fondúireacht manach, nó tearmainn, nó reilig (toisc gurbh ionann suíomh na reilige agus láithreán eaglaise nó mainistir tráth) agus deir sí gur thóg an téarma cill ‘church’ áit CELL *circa* an 12ú haois (1981-82B:71-2, féach freisin Mac Giolla Easpaig 1996:172). Tá fianaise sheandálaíoch agus fianaise scríofa le fáil ar shuíomhanna ceall cf. <http://monasticon.celt.dias.ie>. Tacaíonn an fhianaise uile leis an léarléamh gur lonnú manach a bhíodh sna háiteanna a bhfuil an eilimint CILL sa logainm acu.

Tharlódh gurb é an t-ainm *Cerbanus*, ainm easpaig a d’éag sa bhliain 499 (Colgan 1645:472-3) bunús cháilitheoir na heiliminte CILL sa logainm *Kilsharvan*/ *Cill Chearbain [77].³⁶ Thosaigh Cearban fondúireacht reiligiúnda ansin, agus a rian sin ar an logainm.

3.4 TEACH nó STA i Logainmneacha

Deir Ó Cearbhaill agus é ag plé **Steach*/ *Stigh* i logainmneacha thuaisceart Laighean:

³³ Deir Flanagan & Flanagan: ‘It is quite possible that *Domhnach* names were not being coined by the late 6th century ... such names are not a feature of the Columban mission of the latter half of that century...’ (*op cit*).

³⁴ Taispeántar 104 bhaile fearainn agus 30 paróiste ar léarscáil dháilte na heiliminte DOMHNACH in O’Conor (2001:68). Tá na dátaí ‘5th to 8th century’ luaite leo.

³⁵ cf. O’Conor 2001:45.

³⁶ Tá *Kilcarvan* ag Cogan (i 1862:185) ach déanann sé tras-scríobh ar phíosa téacs le D’Alton, a bhfuil *Kilsharvan* aigesean (Cogan i:1862:177). Cuirtear an tuaiplis seo ar aghaidh ar an suíomh idirlín <http://monasticon.celt.dias.ie/search.php?recordedhistory=Tax+1302-06#resultsLhanthony Cart. c.1182;> (ceadaithe 7/12/2012).

...is dócha gurb é gur tháinig siad faoi anáil na ndobhriathra
isteach, istigh, ar teach, tigh is bunús leo ... (2011:x-xi).³⁷

Rinne de hÓir achoimre ar na tuairimí a bhí ag scoláirí éagsúla eile maidir leis an eilimint ghalldaithe STA a fhaightear i dtús logainmneacha i gContae na Mí, i gContae Bhaile Átha Cliath agus i gContae Lú. Deir sé:

Tá trí mhíniú ar an *s* seo a chur roimh an bhfocal *teach*:

- (1) gur in aithris ar *istigh, isteach* é ...³⁸
- (2) gur faoi thionchar na Lochlannaise é³⁹
- (3) gur toisc deacracht a bheith ag na Normannaigh an fhuaim [θ]⁴⁰ adeir T.F. O Rahilly a bhí i dtosach an fhocail *teach* a rá ...⁴¹ (1975 A:135)

Maidir le (1) thuas, is í *issa* foirm stairiúil an réamhfhocail *i* agus é nasctha leis an alt neodrach sa tuiséal tabharthach sa tSean-Ghaeilge (GOI:293 §467). Thiocfadh *issa* roimh an ainmfhocal neodrach *tech* [+ tabharthach = *taig/ tig* (*ibid*:216 §338)]. Bheadh an bhéim ar an ainmfhocal a thagann ina dhiaidh, chaillfí an chéad siolla *is-* dá bharr agus bheadh **-sa taig* [*taich*] fanta. Ansin **-stag-* a bheadh ann le meánchoimriú. Chaillfí an consan coguasach agus ní bheadh fanta ach *sta*. Mar achoimre, d'fhéadfadh sé gur fhorbair STA on réamhfhocal *i* + alt + *taig* (+ tabharthach) mar a leanas:

issa teg/ issa taig > sa taig/ sa taich > stag/ stach > sta

Sílim nár aithnigh na coilínithe deireadh an réamhfhocail ná tús na príomheiliminte agus gur as sin a tháinig an eilimint STA, a d'fhan mar fhoirm reoite an tabharthaigh, a d'fheidhmigh mar thuiséal ainmneach.

Mar chríoch ar phlé STA, b'fhiú an próiseas bisiúil sa Ghaeilge a lua, is é sin *s mobile* a chuirtear i dtús focail. Féach mar shampla an *s* ionsáiteach a fhaightear ag tús

³⁷ Tagraíonn Ó Cearbhaill do Joyce (1869, 66-7) agus do O'Rahilly (1930:160-2, *recte* 1926:161) fresin.

³⁸ Tugann de hÓir an tagairt *Celtica iii* (1903) 26-9 mar thacaíocht don phointe seo, ach níl an tagairt sin cruinn. Bhíodh an leagan *issa tech* (foirm neodrach an réamhfhocail *i* + alt + *tech*) chomh coitianta sin sa teanga go maireann sé i gcónaí mar fhoirm reoite san fhocal *isteach* sa Ghaeilge chomhaimseartha. Ar ndóigh, is ar an dara siolla atá an bhéim.

³⁹ Féach Joyce (1869) 66-7. Níl aon fhianaise ann a thacódh le léirmhíniú (2) thuas de réir O'Rahilly (1930:161). Níl trácht dá laghad ar aon fhocal cosúil le STA, nó ar fhocal a bheadh ionchomparáideach le STA i measc na bhfocal iasachta Lochlannais atá liostaithe ag Moody, Ó Cróinín, Martin, Byrne (2005:630), ná ag Marstrander (1915:58-60, Index 160-167 in Somerfelt 1922:175-198), ná ag Greene (1976:79-80), ná ag Sommerfelt (1959, in eag. ag Ó Cuív 1975:75), ámh. Ar ndóigh, is caolsheans é go raibh na foirmeacha *Tachdrenan c1202-5* (*Stagreenan* [14]), nó *Thaghlynnny AD 1253* (*Staleen* [24]) i gContae na Mí, ar fáil don Donnabhánach nó do Joyce sna tréimhsí ama úd, a raibh siadsan i mbun taighde.

⁴⁰ θ = *téite*, 'theta' san IPA, consan cuimilteach déadach a fhaightear ag tús an fhocail 'teach'. Is dócha gur *t* caol a bhí i gceist ag O'Rahilly.

⁴¹ Is é tagairt de hÓir (1975 A:135) don phointe seo ná: Hermathena XX (1930) 160-2) = [*recte* XLIV] O'Rahilly1926:161.

aicmí ainmfhocal a thosaíonn le consan déadach /t/ nó /d/ + guta leathan .i. *tua(gh) = stua, dodach/ dodaire = stodach/ stodaire, dorn/ doirnín = storn/ stoirnín* nó *stoirdín*.⁴² Faightear *Tachdrenan*, gan #S-, foirm luath de *Stagreenan* [14] i gcáipéis Laidine circa 1202-5 (ICL:52). Tuairim is ceithre scór bliain ina dhiaidh sin faightear an fhoirm *Stachineen* AD 1283 (CDI 1253-1284:487-8, 2108:) a bhfuil an #S- ag a tús. Cé gur chosúil le *s mobile* é, tharlódh gurb ann don #S- de bharr mhíthuiscint ar mhoirfeolaíocht agus ar ghramadach na Gaeilge.

Is iad *Stagreenan/ *Teach Dhraighneáin* [> *Draighnen*] [14], *Stameen/ *Tagh Mín* [> *Midn/ Midnan*] [15] agus *Staleen/ *Teach Líghean* [> *Lithgen* nó *Lithgean m Laighnen*] [24] na samplaí den aicme logainm seo atá le fáil i nDamh Liag Íochtarach agus iad cáilithe le hainmneacha naomh. Tá an baile fearainn *Stamullen* le fáil i nDamh Liag Uachtarach.

3.5 CAILLEACH

Cailleach a thugtaí ar bhean a mbíodh caille uirthi, agus sainíonn Ní Dhonnchadha bríonna cráifeacha (agus tuata) an téarma ‘cailleach’ sa tsochaí (1994-95:71-96).⁴³ Is í an bhrí reiligiúnda a bhíonn i gceist leis an eilimint CAILLEACH i logainmneacha. Bhíodh mainistreacha ban/ cailleacha fairsing le linn ré na Luath-Chríostaíochta (Gwynn & Hadcock 1970:310-11).⁴⁴ Bhíodar le fáil i roinnt contaetha agus tugadh *Calliaghstown* ar na háiteanna sin dá bharr (*ibid*:307-28). Bhíodh cailleacha lonnaithe i gcúig cinn de mhainistreacha cailleach i gContae na Mí, i bparóiste *Rudder* (Damh Liag Uachtarach), i bparóiste Chill Chearbáin/ *Kilsharvan* agus in *Abby Parrish* (Damh Liag Íochtarach), i bparóiste Cheanannais/ *Kells* agus i bparóiste Scrín/ *Skryne* (*passim*). Maireann *Calliaghstown* mar logainm i gcónaí i gcás dhá bhaile fearainn i gContae na Mí a bhfuil ceann díobh i bparóiste Cheanannais/ *Kells* i mbarúntacht Cheanannas Uachtar/ *Kells Upper* agus an ceann eile i bparóiste *Chill Chearbáin/ *Kilsharvan*, féach *Calliaghstown* *Baile na gCailleach [74]. Tá seanchultúr Críostaíochta na nGael agus

⁴² Féach freisin *tr-/ dr- + s mobile. trúan = struán, treiscín = struisín, dreapadh/ dreapadóir = strapadh/ strapadóir*. Cuireadh *s mobile* roimh chonsain phléascacha bheolacha + /r/ freisin, go stairiúil, i gcás *spré/ spréidh > spréd* (‘a spark’) > *breó/ bréud* (‘flame’, ‘burning’) > agus Gaidhlic *spreadh/ spraiigh > braigh* (‘burst’) na Sean-Ghaeilge (O’Rahilly 1931:52-72).

⁴³ Pléann Ní Dhonnchadha na téarmaí *cailleach, cailleach aithrige, clientella, céle, ailither, uidua/ fedb/ fedb aithrige/ fedb iresach* agus sainíonn sí na tearmaí i gcomhthéacs a n-úsáid reiligiúnda (*op cit*).

⁴⁴ Liostann Gwynn & Hadcock *Addrigoole* [Laois], *Ard Mhacha, Clonbroney* [Lo], *Cloonburren* [RC], *Cill Dara*, [CD], *Killeavy* [AM], *Molough* [TÁ] ar mhainistreacha ban na Luath-Chríostaíochta (*op cit*). Lean na mainistreacha ban ar aghaidh faoi na hOird éagsúla sa dara mílaois agus tá taifid níos fairsinge orthu sa tréimhse sin (Brady 1960:4-7).

cultúr nua na nAngla-Normannach le sonrú i nascadh an dá eilimint CAILLEACH agus TOWN sa logainm sin.

Sheas roinnt *Calliaghstown* eile freisin i mBaile Átha Cliath agus san hIarmhí, fearacht bailte fearainn a bhfuil *Ballynagalliagh* orthu i gContae Ardmhacha, i gContae Chill Dara, i gContae Dhoire⁴⁵ agus i gContae Shligigh (*logainm.ie*). Caomhnaíonn na logainmneacha a bhfuil an eilimint CAILLEACH iontu cuimhne ar mhainistreacha ban a bhíodh fairsing tráth den tsaol.

3.6 CEALTRACH/ CEALLTRACH

Thugtaí an logainm *Ceal[l]trach/ *Kiltrough* ar reilig naíonán a gcuirtí naíonáin neamhbhaiste inti (O’Conor 2005).⁴⁶ D’eascair nósanna adhlactha na naíonán sin as an mbéim a chuirte ar thábhacht an bhaiste sa Chríostaíocht. Chomh luath leis an 4ú haois, cuireadh an coincheap chun cinn go dtéadh naíonáin gan baisteadh chuig saol eile, seachas chuig an *tortores parvulorum* (O’Conor 1991:18.)⁴⁷ D’fhorbraigh Anselm †1109 agus Abelard †1142 an coincheap go dtéidís chuig ‘saol eile’, toisc *tortores parvulorum* a bheith ródhian ar naíonáin a rugadh faoi pheaca an tsinsir, agus is as sin a tháinig an coincheap *Limbus Puerorum*. Ghlac scoláirí na hEaglaise leis an gcoincheap *Limbus Puerorum* agus rinneadh plé air ag amanna éagsúla sa dara mílaois (O’Conor 1991:18).⁴⁸ Tosaíodh ar na *Penitentiales* a scríobh in Éirinn chomh luath leis an 6ú haois, agus thagair Finín ina *Penitentiales* do na píonóis Eaglasta a bhí leagtha amach do dhaoine a bhí faillitheach sa bhaisteadh (Bieler 1963:92).⁴⁹ Lean Cummean leis an téama seo ina *Paenitentiale (sic) Cummeani* sa 7ú haois (*ibid*:116).⁵⁰ Níl aon tagairt sna *Penitentiales* thuasluaite d’adhlacadh naíonáin neamhbhaiste, ámh. Mar sin, is deacair tréimhse ama chinnte a lua le tús chleachtas naíonáin a adhlacadh i gceallúraí neamhchoiscithe (nó i limistéir iargúlta teoireannacha). Deir O’Conor:

⁴⁵ Tá tagairt stairiúil don *Ballynagalliagh* seo i gCo. Dhoire in *Onom Goed*, ach níl nod ghiorrachán na tagartha sin cruinn.

⁴⁶ Baintear leas as na téarmaí *cill*, *cillín*, *killeen*, *seanchill*, *reilig*, *teampaill*, agus *ceallúnach* mar ainm ar a leithéid de reilig freisin (O’Conor 2005:73). Féach freisin Mac Aodha 1986:29.

⁴⁷ Is é sin go gcuirfí chuig liombó seachas chuig an bpurgadóir iad. Luaitear gur chuir Naomh Greagóir de Nyssa an coincheap seo chun cinn ina thráchtas ‘On Infant’s Early Deaths’ (O’Conor 1991:18). Tagraíonn O’Conor do Fr T. Gilfedder 1979:2 agus luann sí téacs neamhfhoilsithe leis dár teideal *Limbo* (Gilfedder 1976) ar leabharliosta dá saothar (1991).

⁴⁸ Scríobh Naomh Tomás Aquinas †1274 faoi liombó, mar shampla (*ibid*).

⁴⁹ *Penitentialis Vinniani (op cit)*.

⁵⁰ *Paenitentiale Cummeani* (116) agus *Canones Synodi ... Paricii* ón 7ú haois (*ibid* 186-87)

Irish folklore about unbaptised children is predominantly Roman Catholic in its belief and practice. The emphasis is on *leanaí gan baisteadh* ... destined to dwell in *Dorchadas gan Phian*, in a Limbo Otherworld... These beliefs ... are clearly associated with post twelfth century theological debate concerning the salvation of the soul and the fate of the unbaptised in the Afterlife ... While it may be argued that the existence of folklore which tells of supernatural phenomena occurring at the burial place of unbaptised children suggests a more non-Christian or pagan emphasis, the reality of the folklore evidence actually indicates that non-Christian elements of folklore are used to support what is essentially a Christian tenet (2005:78).

Mar sin, cé gur bhain an logainm *Ceal[1]trach/ *Kiltrough* [8] leis an dara mílaois, i bhfianaise na tábhachta a bhain leis an mbaisteadh sa Chríostaíocht, agus i bhfianaise na tuisceana ar an mbaisteadh a léirigh Finnín sa 6ú haois, agus Cummean sa 7ú haois, tharlódh gur tosaíodh ar an geleachtas - naíonáin a chur i dtalamh neamhchoisrithe -am éigin i ndiaidh na 7ú haoise. Caomhnaíonn an logainm *Ceal[1]trach/ *Kiltrough* [8] cuimhne ar chleachtas adhlactha naíonáin neamhbhaistithe i nDamh Liag Íochtarach.

3.7 CLUAIN, LUSCA

Thug (Joyce 1869:209) faoi deara go raibh nasc idir an eilimint CLUAIN agus suíomhanna mainistreacha agus deir Ó Cearbhaill gur ‘taobh le suíomh eaglasta, nó ar ‘láithreacha eaglasta iad féin’ atá suíomh 43 áit i dTiobraid Árainn a bhfuil an eilimint CLUAIN sa logainm a thagraíonn dóibh (2010:17).⁵¹ Is baile fearainn an-bheag é *Cluain Lusca/ *Clonlusk* [31], paróiste Dhamh Liag. Tá luscaí sa cheantar. Is cosúil go mbíodh lusca i g*Clonlusk* le cuimhne an úinéara, ach rinneadh coiléar de *Clonlusk* chun cloch a chur ar fáil do thógáil an mhórbhóthair, an M3. Is cosúil go bhfuil lusca sa bhaile fearainn *Corballis* i gcónaí, an baile fearainn atá siar ó *Clonlusk*.⁵²

Níl *Clonlusk* achar rófhada ó thuaidh de shuíomh Mhainistir Chianáin/ Mhuire. Tharlódh go raibh dairtheach (*derthech*) sa lusca, áit a ndéanfadh manaigh aithrí, nó áit a ngabhfadís lena spioradáltacht a spreagadh. Mar sin, cé nach bhfaightear taifead ar an logainm *Clonlusk*/ *Cluain Lusca go dtí an 17ú haois, tá macalla de thraidisiún na

⁵¹ Is *Cluain Loiscthe* (loiscthe, aidiacht briathartha de **loiscid**, **loscaid** (DIL) atá i gcáilitheoir *Clonlusk* i dTÁ de réir Uí Cearbhaill (2010:146) féach [31], ach is LUSCA atá i gcáilitheoir *Clonlusk* [31], paróiste Dhamh Liag.

⁵² Comhrá pearsanta le Jim Curley 2014.

Críostaíochta luath le sonrú sa logainm, mar go bhféadfadh lusca feidhmiú mar dhairtheach, áit a ndéanfaí aithrí, nó áit a spreagfadh spioradáltacht na manach, mar a pléadh i gCaibidil 2.

4. Eadarlúid: FIONNGHAILL/ GAILL - Lochlannaigh nó Normannaigh?

B'fhurasta a shamhlú gur ainmnithe i ndiaidh na nAngla-Normannach a bhí *Gaulstown* [41] ach tá *Fingallstown* ar cheann de na leaganacha stairiúla a bailíodh don logainm. Is i gcodarsnacht lena chéile a baineadh leas as na téarmaí *Finngaill* agus *Dubgenti*, chun idirdhealú a dhéanamh idir na Gaill sheanbhunaithe (*Finngaill* as an Iorua) agus na Gaill a tháinig ina ndiaidh (*Dubgenti* as an Danmhairg) - faightear an chéad tagairt do na *Dubgenti* sa bhliain 851 (Etchingham 2014:27-8).⁵³ Léiríonn Etchingham stair chorrathach na tréimhse ón mbliain 848 go 853 mar seo a leanas:

... a complex scenario of coups and counter-coups involving Viking factions, following unprecedented military pressure by the native Irish 845-849 (7).⁵⁴

Tá *Damh Liag Chianáin* thart ar thrí mhíle ó thuaidh de *Gaulstown*. Faightear taifid ar argain agus ar chreachadh Dhamh Liag Chianáin, chomh maith le tuairiscí ar mharú 'la Gallaibh' nó 'lá Gallaibh Átha Cliath' idir an 9ú haois agus an 12ú haois in ARÉ, agus ar ndóigh ba iad na Lochlannaigh a bhí gceist sa tréimhse ama sin.⁵⁵ Is deacair a shainmhíniú i gcónaí, ámh, cé acu dream de na 'Gallaibh' nó de na Lochlannaigh a luaitear i dtéacs, agus déanfar plé ghairid ar an gceist sin i gcomhthéacs *Gaulstown*, paróiste Dhamh Liag anois.

4.1. Fyngalleston go stairiúil, Gaulstown [41] go comhaimseartha

Bhí na céadta bliain caite ó lonnaithe na Lochlannaigh in Éirinn, sula ndearnadh tagairtí stairiúla (idir an 12ú haois agus an 14ú haois) do *Fyngalleston*. Tugadh *Gaulstown* air níos deireanaí (AD 1572). Faoin am sin, tharlódh gur tugadh *Gaill* ar na hAngla-

⁵³ Agus ar ndóigh baineadh leas as na téarmaí 'Gaill' agus 'Sean-Ghaill' níos deireanaí chun tagairt do na Normannaigh agus do na Sasanaigh.

⁵⁴ "Black Foreigners", 'Fair Foreigners' and other foreigners: Terms for Vikings in Irish Annals" (neamhfhoilsithe).

⁵⁵Féach: 'Orgain ... la Gallaibh' (830 ARÉ i:444), 'Creach lá Gulla ...' (1023 ARÉ ii:804), 'do Ghallaibh Atha cliath' (1037 ARÉ ii:832), 'lá Gallaibh Atha cliath' (1149 ARÉ ii:1088). Féach freisin go mbaintear leas as an téarma *Gallgaidhealaibh* [the Dano-Irish] sa bhliain 856 i dtagairt don bhua a bhí ag *Cearbhall, tighearna Osraighe* in éineacht le *hIomhar* '... co nGallgaidhealaibh Leithe Cuinn' ar *Cenel Fiachach* (856 ARÉ i:490-91).

Normannaigh, mar a tugadh ar Lochlannaigh na hIorua agus Lochlannaigh na Danmhairge a tháinig rompu.

Is deacair cinneadh a dhéanamh faoi cé acu de na Gaill a chomórann cáilitheoir an logainm *Gaulstown*. Ar ndóigh, d'fhéadfadh sé gur dreamanna éagsúla a bhí i gceist ag tréimhsí ama éagsúla sa stair. Cuir i gcás gurb iad na Lochlannaigh as an Iorua a bhí lonnaithe i bh*Fyngalleston* ar dtús agus gur threascair Lochlannaigh as an Danmhairg iad, i bhfianaise a bhfuil ráite ag Etchingham, an bhféadfadh sé gur tugadh *Gaulstown* air ina dhiaidh sin?

Sa 12ú haois, sa bhliain 1171 ámh, is cinnte gur 'torchratar' Gaill 'Átha Cliath' dream nua de 'Ghail' a tháinig go Damh Liag Chianáin .i. na Normannaigh, a bhí faoi stiúir Mhílo de Chógáin (1171 ARÉ ii:1184), agus tharlódh gur tugadh 'Gaill' ar shliocht na ridirí Normannacha a tháinig le *Hugo de Lacy* tar éis dóibh tréimhse lonnaithe a chaitheamh sa cheantar. Ar ndóigh, le himeacht aimsire tugadh na 'Sean-Ghail' orthusan agus tugadh na 'Gaill' ar na Sasanaigh nuair a tháingadar sna céadta a lean. Is é *Gallastún an logainm neamhdheimhnithe Gaeilge atá ar *Gaulstown* a bhfuil an ghluais

gaelú í an fhoirm Ghaeilge ar logainm Béarla ó bhunús

tugtha leis (*logainm.ie*), cé gur galldú ar an eilimint Ghaeilge GALL atá san eilimint Bhéarla GAUL agus é faoi struchtúr an Bhéarla, cf. Caibidil 4.

5. An Dara Mílaois: An Chríostaíocht Dhúchasach, Na hAgaistínigh agus na Normannaigh

Bhí Damh Liag Chianáin ar cheann de na chéad mhainistreacha dúchasacha in Éirinn (féach **3.1** thuas). D'fheidhmigh sí ón 5ú haois i leith. D'fhulaing sí ionsaithe Lochlannacha agus scrios tinntrí i measc go leor eile, cf. *Duleek* [37]. Tuairiscíonn Annála na bliana 1149:

Leath Doimh Liag Chianáin dorccain (*sic*) lá Gallaibh
Átha cliath, 7 lá Diarmait Mac Murchadha co
lLaighnibh, 7 do mharbhsat Diarmait mac Maghnasa Uí
Lochlainn, tanaissi Oiligh, ro bhaí acc díoghail na
hoirgne ... (1149 ARÉ ii:1088).

Tuairim is bliain i ndiaidh na hargana *lá Gallaibh Átha cliath* thuasluaite, d’atheagraigh *Muircertach hUa Ceallaigh rí Brega* an mhainistir ar an tseanláthair,⁵⁶ chun í a thabhairt faoi riail Agaistíneach mar a bhí in *Arrouaise* (Gwnn & Hadcock:173).⁵⁷ Tiomnaíodh do Mhuire í agus athraíodh a hainm go Mainistir Mhuire. Loscadh sa bhliain 1169 í (1169 AU ii:160), ach is léir gur fheidhmigh sí arís i ndiaidh an loiscthe sin, toisc go dtuairiscítear gur scrios ridirí Mhílo de Cogan sa bhliain 1171 in athuir í. Cé go raibh sí ina mainistir Agaistíneach ag Muircheartach, ba mhainistir Ghaelach í a bhí neamhspleách ar an Róimh (Archdall 1786:xvii).⁵⁸ Bhí sí neamhspleách ar rí Shasana freisin - níor mhionnaigh easpag Dhamh Liag dílseacht d’Anraí II in 1171-2 (Gwnn & Hadcock:75). Bhí teach cailleach nó mainistir ban ar an láthair roimh an mbliain 1195, cf. **3.5** thuas, agus tá tagairtí le fáil do *conuentui Lanthonie de ecclesia sancti Kenany de Dyueleck* sna blianta ?1205, agus 1202-10 (ICL:215, 10, *ibid*:213,6). D’imigh na cailleacha as Damh Liag níos deireanaí; d’aistríodar go dtí an áit ar ar tugadh *Calliaghton* sa 16ú haois. Áiríodh *Calliaghton* le bailte fearainn an pharóiste *Abby Parrish* níos deireanaí sa 17ú haois (CS:24) cf. *Calliaghtown* [74].

5.1. Ní dócha gur fheidhmigh an mhainistir dhúchasach Agaistíneach (.i. Mainistir Dhamh Liag Chianáin, a athainmníodh a ndiaidh Muire c1150), a bhí ar an tseanláthair i mbaile Dhamh Liag mar phríóireacht de chuid *Llanthony Secunda* díreach i ndiaidh theacht na Normannach (Gwynn, Hadcock 1970:75).⁵⁹ Reachtaíodh dlí sa pharlaimint ag tús réimeas Eádbhard II (1307-1327), ámh, a chuir cosc ar Éireannaigh a gcuid móideanna a ghlacadh i bprióireacht Mhuire:

1308 no mere Irishman should be permitted to profess
himself in this Priory (Archdall 1786:537).

⁵⁶ Deir Archdall: ‘We find in a close roll 29th King Edward III that a priory was founded here for regular canons, by one of the family of O’Kelly long before the arrival of the English’ (1786:537), ach mainistir a bhí ann in aimsir Uí Cheallaigh, ní *priory*. Maraíodh *Muircertach hUa Ceallaigh* ag Sláine sa bhliain 1161 (AU ii:138). Tharlódh gur faoi athbhunaithe Mhurcadh Uí Cheallaigh in AD 1150 a snoíodh píosa dealbhadóireachta a ghabhfadh ar bharr cholúin cloiche sa mhainistir; is cloigeann *Romanesque* atá snoite as an gcloch (French 2009:13-4).

⁵⁷ Ba é Naomh *Malachy* [= Malachias .i. Maolmaedhócc Ua Morghain (1148 ARÉ ii:1084)] a thug an riail Agaistíneach go hÉirinn i ndiaidh cuairt a thabhairt ar an mainistir Agaistíneach in *Arrouaise* sa bhliain 1139-1140. Lean Lorcán Ó Tuathail leis an obair nuair a cailleadh Malachias (Gwnn, Hadcock:3).

⁵⁸ ‘The Irish clergy had for many centuries preserved an independent hierarchy, and resisted every attempt of the Roman Pontiff to subject them to the Papal See; but in the 12th century, Popery had broke in on the liberties of the Church’ (Archdall *op cit*). Mhair Mainistir Chianáin go neamhspleách ar institiúid na hEaglaise go dtí gur cuireadh faoi Ardeaspag Ard Mhacha é i ndiaidh Shionad Ceanannais (*Synod of Kells*) sa bhliain 1152 (Cogan i 1862:1, 43).

⁵⁹ Deir Gwynn & Hadcock: ‘St Mary’s was a priory until the late 13th century’, ach leanann siad ar aghaidh ‘There was an abbot here in 1351... the title *priory* in 1470 is probably a mistake’ (*op cit*:173).

Chonacthas gur thug Archdall an *Priory of the Virgin Mary* uirthi (1786:535) circa 500 bliain ina dhiaidh sin, agus tagraíonn O’Boyle don ‘dual representation of the Augustinians’ i nDamh Liag (1989:21). Ní léir ó na foinsí scríofa, ámh, cén uair go baileach a athraíodh Mainistir Mhuire ó mhainistir Ghaelach Agaistíneach go príóireacht de chuid na gcoilíneach, má tharla sé sin ar chor ar bith.⁶⁰ Breathnófar ar an gcúlra staire a bhain le teacht na n-Agaistíneah go Damh Liag thíos.

5.2 Tar éis tailte fairsinge na Mí a dháileadh ar a mhuintir agus ar a ridirí, agus tar éis na príóireachtaí i gColptha agus i nDamh Liag a bhunú, bhronn Hugo de Lacy deachúna, seirbhísí agus beathúnais ar chanóin *Llanthony* as na tailte a ghabh sé. Lean a chuid ridirí sampla De Lacy maidir le maoin a bhronnadh ar chealla *Llanthony*, agus tá fianaise fhairsing ar thrian de logainmneacha na leathbharúntachta (a mhaireann i gcónaí) i gcáipéisí na gcoilíneach as ar tarraingíodh go tiubh don tráchtas seo.⁶¹ Chláraíodar logainmneacha eile freisin, nach léir a suíomh anois.

Ba chuid de ghníomh na coilíneachta na bronntaí seo agus tá cur síos beacht ar na mionsonruithe a bhain leo taifeadta i gcairteanna *Llanthony* (ICL). Ba ghearr go raibh cuid mhór den cheantar ina ghráinseach ag *Llanthony Prima* agus ag *Llanthony Secunda* mar is léir ó chairteanna ICL, gné de stair na tréimhse sin atá pléite go cuimsitheach ag Arlene Hogan (2008). Tá fairsingeacht na coda seo den choncas le feiceáil ar an léarscáil a chuir sí ar fáil, agus athfhoilsítear thíos é, le caoinhead ó Four Courts Press.

Cé gur chuir na hAgaistínigh sagairt ar fáil don phobal, d’fhreastalaídís go príomha ar na Normannaigh ó thaobh na spioradáltachta de, agus ar *Llanthony* i *Monmouthshire* agus i n*Gloucester* ó thaobh na maoin saolta de. Chuige sin thairfeadar logainmneacha an cheantair i gcomhthéacs ghráinsí *Llanthony*; bhailíodar deachúna, d’éilíodar seirbhísí ar na daoine, agus iad ag baint leasa as córas mhainistreacha na nAgaistíneach mar uirlis choilínithe.


5.3 Roinneadh maoin pharóistí Cholpa, Dhamh Liag, *Julianstown* agus Dhún Uabhair/*Donore* ar na canóin Agaistíneacha, agus tá tuairiscí le fáil i gcáipéisí ICL, ón 13ú haois

⁶⁰ cf. ‘Sir James Ware speaks of the Cell of Duleek as a new foundation, and altogether distinct from the Monastery of St. Kienan. This cell seems finally to have absorbed much, if not all, of the church property wherewith St Kienan’s Abbey was originally endowed’ (Cogan i 1862:37).

⁶¹ Tá os cionn 40 tagairt do ghníomhaíochtaí na mainistreach *sancti Colombe de Colp* in ICL, féach CXIX Ich 112, mar shampla. De réir LXIII *Carta de libertatibus domorum de Colp que est in custodia prioris de Duuelech* AD 1185-9, bhí *Colp* le bheith ina ceall de chuid Dhamh Liag (*ibid*:80). Tá thart ar 10 dtagairt do phríóireacht *sancti Michael* in ICL, féach mar shampla Cairt XXVII c1192-1202 (*ibid*:34).

i leith, ar na deachúna agus ar na seirbhísí a bhailíodar ar mhaithe leis na máthairthithe thall. Seo a leanas 18 mbaile fearainn (maireann a n-ainmneacha i gcónaí) a raibh na deachúna srl i seilbh *Llanthony Prima* i *Monmouthshire*, (cuirtear foirmeacha stairiúla ICL i lúibíní cearnógacha, agus cuirtear cló trom ar na logainmneacha a bhfuil bunús Gaeilge leo): **Ballymad** [Ballimad] [3], *Beybeg*, *Beymore* [5], [Beaubec, Bewbeck/ de Bello Becco] [5], **Colp** [6], **Donacarney** [Duenacharny/ Downaghkerny] [7], **Kiltrough** [Kildroch/ Kyldroch/ Kyldroght] [8], **Betaghstown**/ [Betagheston] [4], *Mornington* [villa Roberti Marinerii/ Marinarii/ Marynerstone srl] [10], *Newtown* [Newton] [11], *Painestown* [Payneston] [12], *Pillstown* [Pulleston] [13], **Stagreenan** [Tachdrenan] [14], **Stameen** [Stamene] [15], **Donore** [Donoure/ Donure] [19], *Carranstown* [Kernanstown] [30], *Julianstown* [**Anye, Anie, Nanie, Anya**/ Iulianeston] [61], *Ninch* [le Nynche/ Nynch] [63], *Rogerstown* [Rogerston] [64], **Kilsharvan** [Kilkarvan] [77]. Tá logainmneacha dúchasacha Gaeilge ar 10 gcinn (as 19) de na háiteanna thuasluaite (ag cur *Anye/ Anie* > *Ainghe*, an t-ainm a bhíodh ar *Julianstown* san áireamh cf. 7.3; tá meascán d'eilimintí le feiceáil in *Betaghstown*). Is logainmneacha nua iad na seacht n-áit eile a ainmníodh mar chuid de mhaoin *Llanthony Prima* mar a taifeadadh i gcáipéisí ICL iad .i. *Bello Becco* (*Bey Beg/ Bey More*), *Villa Marinerii* (a athraíodh go *Mornington* níos deireanaí), *Newtown*, *Painestown*, *Pilltown*, *Carranstown*, agus *Rogerstown*, agus pléifear a n-áit siúd i bpátrún na logainmneacha thíos in 7.1 - 7.4, agus 7.6.1 thíos.

Seo a leanas 11 bhaile fearainn Dhamh Liag Íochtarach a raibh na deachúna srl i seilbh *Llanthony Secunda* i n*Glouster* (tá foirmeacha ICL curtha i lúibíní cearnógacha arís, agus tá cló trom curtha ar na logainmneacha a bhfuil bunús Gaeilge leo): *Caulstown* [*Villa Kathil*, Calyston] [30], **Drumman** [Drunin] [36], **Duleek** [Duuelike/ Duuelech] [37], *Garballagh* [**Carblagh**/ Car[re]blaw] [39], *Gillinstown* [Gillingeston] [42], **Lougher** [le Lowher/ Lower/ the Lowher] [46], **Mullaghfin** [Molafen] [47], *Newtown* [Newenton] [48], *Platin* [**Blaitine**] [49], **Reask** [Reescus] [52] agus *Dollardstown* [villa Pagani Dullard] [85]. Is léir go bhfuil seacht logainm Gaeilge ina measc, chomh maith le logainm amháin a bhfuil eilimintí Gaeilge agus Laidine ann .i. *Villa Kathil* (ón nGaeilge ‘Cathal’ ní foláir). Sheas an logainm sin go dtí gur tháinig muintir *Calle* go Contae na Mí sa 14ú haois agus athraíodh go logainm nua Béarla é - *Calyston*, cf. *Caulstown* [30]. Chláraigh na canónaigh trí logainm glan-nua sa bhreis .i. *Dollardstown*, *Gillinstown*, *Newtown*.



Maireann na logainmneacha ar fad atá liostaithe thuas i gcónaí. Pléadh *Butylbeg/Bultyngbeg* [5.A] agus *Killekeran/Gillekerran* [5.B] (cúpla ceann de na logainmneacha a cláraíodh in ICL nach maireann) i gCaibidil 2. Tagraítear do na *hospitalarii* agus do *fratres Hospitalitatis Ierosolomitani* (a bhí san áit ar a dtugtar *Prioryland* [50] anois) i gcairteanna *Llanthony Prima* agus *Secunda* freisin. Bhunaigh na *hospitalari* ospidéal a ainmníodh i ndiaidh *Maria Magdalene*. D’eascair logainmneacha as an ainm sin atá ar marthain i gcónaí san fhoirm MAUDLIN agus pléifear iadsan in 6.5 thíos.

5.4 Luaitear logainmneacha eile in ICL i gcomhthéacs *Duuellek* faoin bhfotheideal *Pratum* ‘móinéar’, nach léir a suíomh, leithéidí *Smytheslonde/Smyghesmede* (?*Smithsland/ meadow = ?*Smithstown [66]), *Mulnemedede* (?*Muileann meadow), *Carykcroghery* (?Carraig + ?), *le Mulnelond* (?*Muileann + lond), *Adekynesacre* (?*At the brent geese’s acre > ‘cadhan’ nó ‘Ade Cadhain’s acre’). Is faoin teideal *Terra arrabalis* atá *Aghteny* (?Achadh + ?), *Longeforche*, *Smyeslond*, *le Netherok*, *Skeoghbride*, *le Heyburgages*, *Molynsondput vsque le Bruggeweye* (?*Muileann + *sand pit vsque le ?*Bridge-way) *Glenlussh*, *Coulokeslond*, *Carrykgorman*, *Mulnefeld iuxta moram* (?*Muilleann + field ...), *Angrussh*, *Struwanraganan*, (?Sruthán+ ?Ráth +?), *Garuagh* (?Garbhach) agus *Kilcroman*¹ (291-92). Ní léir cén áit a bhfuil na háiteanna seo anois i nDamh Liag, seachas b’fhéidir *Skeoghbride* (?*Sceach Bríde = ?*Bridesbush) atá achar beag siar ó thuaidh de bhaile Dhamh Liag, agus tharlódh go mbaineann *le Garaughmede* (? Scarbhach + mede) le *Roughgrange* [54].

6. Díscáileadh agus Coigistiú na Mainistreacha: Na Sasanaigh, Eaglais na nÉireann agus a rian ar Logainmneacha Dhamh Liag Íochtarach sa 16ú, sa 17ú agus sa 19ú haois

Tá ceithre logainm Béarla i nDamh Liag Íochtarach .i.*Roughgrange* [54], *Abbeyland*, [50], *Prioryland* [26] agus *Glebe* [60], a bhfuil na heilimintí nua Béarla GRANGE, ABBEY, PRIORY agus GLEBE le sonrú iontu. Tháingadar sin chun cinn sa tréimhse ama i ndiaidh dhíscáileadh agus choigistiú na mainistreacha. Breathnófar orthu anois.

6.1 GRANGE

Faightear GRANGE mar logainm in áiteanna a bhíodh faoi smacht na mainistreacha. Is

¹ Tá *Kilcreman*/Coillín Mhic Réamainn eile in UF (*logainm.ie*). Is buillí faoi thuairim na gluaiseanna thuas.

é an sampla stairiúil is luaithe de *Grange* a aimsíodh ná *Grangia Claricie* a scríobhadh i gcáipéis de chuid na 13ú haoise, cf. *Roughgrange* [54], agus scríobhadh na samplaí *Shepegraunge*, *Grange of the Abb. of Knoc*, *Hibernica Grangia* agus *Little Grange* atá i gContae Bhaile Átha Cliath sa bhliain 1431 (Reg Swaine:136-38). Ní fhaightear *Grange* ach ar dhornán logainmneacha ón 13ú haois go dtí an 15ú haois, ach faoi aimsir Éilíse bhí an logainm *Grange* le fáil go forleathan. Chomhairíos tuairim is 143 logainm in innéacs IFTS a bhfuil GRANGE mar eilimint aonraic iontu, nó a bhfuil GRANGE cáilithe le heilimint eile (*op cit* iv:333-335) féach an **Aguisín** ag deireadh *Roughgrange* [54]. Is sa bhliain 1529, le linn ré Anraí VIII a frítheadh an chéad taifead ar *Roughgrange* [54], Dhamh Liag Íochtarach. Cuimhnítear go raibh sé intuigthe gur bhain na bailte fearainn atá luaite ina logainmneacha féin in ICL ón 12ú haois i leith (cf. 5.3 thuas) le gráinsí *Llanthony Prima* agus *Llanthony Secunda* mar a taispeánadh ar an léarscáil, lch 553 thuas.

6.2. Oidhreacht na Manach? Logainmneacha Béarla na 17ú haoise: *Abbeyland* agus *Prioryland* [cf. léarscáil lch 308]

Is eiseamláir de shuíomh mainistreach a bunaíodh le linn tréimhse na Luath-Chríostaíochta an suíomh ar a seasann croí bhaile Dhamh Liag (Swan 1973:12-20). Ní bhaineann ceachtar den dá logainm *Abbeyland* ná *Prioryland* le ré na Luath-Chríostaíochta, ámh, ná fiú le teacht na nAgaistíneach ag tús na dara mílaoise. Is sa 17ú haois a tugadh *Abbeyland* (atá díreach ó dheas de bhaile Dhamh Liag) agus *Prioryland* (atá soir ó dheas de) ar an dá bhaile fearainn sin den chéad uair. Ní raibh aon *Abbey* ar *Abbeyland*, ach bhí *Priory* ar *Abbeyland*. Ní *Priory* a bhí ar *Prioryland*, ach mar bharr ar an mearbhall, bhí ospidéal lobhar ag na *fratres Hospitalitatis Ierosolomitani* ansin. Is ón 12ú haois go dtí an 15ú haois nó b'fhéidir an 16ú haois a d'fheidhmigh an t-ospidéal, rud a pléadh in *Prioryland* [50]. Níl iarsma ar bith fanta den ospidéal anois, ach tá trí logainm in úsáid go háitiúil i gcónaí, a thagraíonn dá ainm, cf. 6.5 thíos.

6.3 *Abbeyland* [26]

Ní gá go gciallaíonn an logainm *Abbeyland* 'fearann mainistreach'. Tharlódh gurb é an sloinne *abbeye*, *abbaye* is bunús le chéad eilimint *Abbeyland*. Bhíodh an sloinne *Abbeye/ Abbaye* ar dhaoine a bhíodh ag obair do na canóin agus d'fhanadís gar do na mainistreacha i ndiaidh a ndíscailte agus a gcoigistithe (Woulf 1923:219; Hanks & Hodges 1989:1).

Is í an phríóireacht *sancti Michael* a bhí suite ar *Abbeyland*. Ní raibh neamhspleáchas *abbey* ag *sancti Michaelis de Duueluke* riamh, ámh – níor fheidhmigh sí mar *abbey*, ach mar phríóireacht, *priory* de chuid *Llanthony Secunda*.

Faoin mbliain 1381, bhí níos mó ná 233 acra i ngráinseach phríóireacht *sancti Michaeli* – rinneadh cur síos cuimsitheach ar thailte na gráinsí idir mhíntír, fhéarach agus mhóinéar, cholmlanna agus choinicéir, maraon leis na comhghabhálais (*apputenances*) a bhain léi idir fhoirgnimh, mhuilté agus choraí i gcairteanna na manach a bhain le *Llanthony Secunda*. Luadh na háiteanna ina raibh siad seo ina logainmneacha féin, a raibh cuid mhór díobh seanbhunaithe.² Ní raibh ach 30 Acra talún sa bhaile fearainn *The Abbey/ The Abby of Duleek* mar a tugadh air sa 17ú haois; bhí 20 acra de *arable* agus bhí 10 n-acra *Pastur* ann (CS:24). Áiríodh *The Abbey/ The Abby of Duleek* le bailte fearainn an pharóiste *Parrish of Duleek* (*ibid*).³ Ní *Abbey* a bhí ansin aon uair, ámh, ach *Priory*, a raibh *prior* nó *proctor* os a cionn (Reg Fleming 1404-16:121) agus í ag feidhmiú mar cheall de chuid *Llanthony Secunda* i n*Gloucester*, Shasana.⁴

Is ó dheas d’fhothracha na mainistreach dúchasáí (a tiomnaíodh do Chianáin sa 5ú haois agus a atiomnaíodh do Mhuire ón mbliain 1150 i leith) atá *Abbeyland* suite.⁵ Is *circa* 1186 a tógadh an phríóireacht a tiomnaíodh do *sancti Michaelis* ar *Abbeyland*. Ní dócha go raibh aon bhaint ag *Abbeyland* le Mainistir Chianáin/ Mainistir Mhuire i nDamh Liag Chianáin (a d’fheidhmigh go neamhspleách go ceann tuairim is dhá chéad bliain i ndiaidh theacht na Normannach, cf. 5 thuas). Bhí Mainistir Chianáin/ Mainistir Mhuire, Dhamh Liag Chianáin/ *St Mary’s Priory* suite tuairim is leathmhíle ó thuaidh de *Abbeyland* i mbaile Dhamh Liag.⁶

² Féach ICL:289-297, Cairt 98 (AD 1381) ach go háirithe. Tá na cairteanna seo pléite go mion ag Hogan 2008:184-90. Baineann cairteanna 1, 16, 21, 14, 38, 90, 82, 6, 85, 9a, 10a, 11a, 10, 19, 28, 29, 79, 81, 7, 8, 22, 24, 31, 32, 26, 27, 33, 35, 36, 37, 3, 39, 92, 94 (AD 1185 – AD 1400) le príóireacht *sancti Michaelis*.

³ Is mar seo a chuirtear síos ar *The Abbey = The Abby of Duleek* i bparóiste ainmnithe *The Abbey Parish* sa CS: ‘Bounded on the East with the townelands of Duleeke on the West with Sir Christopher Bellewes lands in Duleeke on the South with the Nanny water and on the North with ye Highway Leading from Duleeke to Trim’ (24). De réir an CS (24), bhí an baile fearainn ar a bhfuil an dá ainm *The Abbey* agus *The Abby of Duleek* ina chuid de *Abbey Parish* maraon le seacht mbaile fearainn eile. Tá *Abbey land* marcáilte ó dheas de *Duleek* ar léarscáil DS *Thomas Clarke/ O’Brien*. Bhí 42 bhaile fearainn sa pharóiste eile - *The Parish of Duleeke* (CS:15). Baineann 11 bhaile fearainn díobh sin leis an leathbharúntacht, Damh Liag Uachtarach. Pléadh an 31 eile atá i nDamh Liag Íochtarach i gCaibidil 2.

⁴ Féach freisin Hogan 2008:135.

⁵ ‘Sir James Ware speaks of the Cell of Duleek as a new foundation, and altogether distinct from the monastery of Saint Kienan. This cell seems finally to have absorbed much, if not all, of the property wherewith Saint Kienan’s Abbey was originally endowed’ (Cogan i 1862:37).

⁶ Ní luann Archdall 1786 *The Priory of Saint Michael* ar chor ar bith. Ní dócha go bhfuil an ceart ag Archdall faoi ‘Kienan’ nuair a deir sé faoin mbliain 1182: ‘Hugh de Lacie, Lord of Meath, built a cell here under the invocation of **St Kienain** and subject to the priory of *Lanthonny* near Gloucester, for Canons

Is logainm Béarla é *Abbeyland* a bhaineann leis an ré a tháinig i ndiaidh chumhacht bhriste na mainistreach, tar éis a díscailte sa 16ú haois, cé nach bhfuil aon taifead ar an logainm *Abbeyland* go dtí an 17ú haois. Is cosúil gur tugadh *Abbey* go hearráideach ar phríóireacht *sancti Michaelis* am éigin roimh an 19ú haois, mar thug Wilde *abbey* uirthi agus tagraíonn Ó Donnabháin do:

an abbey in ruins at Duleek called Mainistear Dhu'lice.
Three detached portions of it remain, the first portion
that presents itself, as one enters the demesne within
which it stands, is called by the people Castle rag
(OSL:135).⁷

(Sheas caisleán idir an *Parramaddan*, fo-abhainn de chuid na hAiní, agus an taobh thuaidh de *Lower Main Street* i mbaile Dhamh Liag).⁸

Cé gur sloinne a bhí i gceist le h*Abbey* sa 17ú haois, d'fhéadfadh sé gur baineadh leas níos scaoilte as an gcomhainm (*homonym*) 'abbey' le treisiú an Bhéarla, chun áit a mbíodh manaigh ina gcónaí a chomharthú, cé gur príóireacht a bhí i gceist i gcónaí le teach na manach a sheas ar *Abbeyland* ón mbliain 1184 go dtí an 17ú haois. Tharlódh gur meascadh dhá chiall ABBEY faoin 17ú haois sa logainm *Abbeyland*.

Seasann *Duleek House* in *Abbeyland* gar don láthair inar sheas an Phríóireacht *Sancti Michael* tráth den saol. Rinneadh an teach *circa* 1722 as clocha a tógadh as fothracha na príóireachta.⁹ Baineadh leas as cuid de leaca na reilige mar leaca fuinneog don teach (Connell agus Wright [gan dáta ? 2000]:92).

Regular following the rule of St Augustine' (*ibid*:535). Coinníodh an t-ainm Kienan/ Cianán ar an teach pobail i seanbhaile eaglasta Dhamh Liag, ach ba tiomnaithe do Mhuire a bhí Mainistir Chianáin ó aimsir Mhurchach Uí Cheallaigh c 1150 i leith, cf. 5 thuas.

⁷ Más é an baile i nDhamh Liag atá i gceist ag Ó Donnabháin, is deacair a rá arbh é an bealach isteach go caisleán Dhamh Liag a bhí i gceist aige leis an *Castle rag* thuasluaite, nó arbh é an bealach go fothracha Mhainistir Chianáin/ Mhuire, nó arbh é an bealach isteach chuig príóireacht *sancti Michaelis* a bhí sé ag tagairt dó. Is éard a scríobh Wilde níos deireanaí ná: 'In the neighbouring demesne on the banks of the Nanny are the remains of the ancient abbey of St Mary, in three detached portions, consisting of the ruins of the castellated gateway; a fragment of the eastern gable of the chapel, the windows of which must, from the scraps of stone mullions still visible, have been a splendid specimen of gothic tracery; and a small bit of the refectory or domestic part of the establishment...' (1849:204). Is cosúil go bhfuil Wilde ag scríobh faoi phríóireacht *Sancti Michaelis* agus ní faoin *abbey of St Mary*, mar sheas *sancti Michalis* níos gaire do na 'banks of the Nanny'.

⁸ Féach an pictiúr den *motte* a tharraing Austin Cooper ar ar sheas an caisleán san 18ú haois (Stout 2002:96). Ba iad Enda O'Boyle agus Donall Synott a d'aimsigh suíomh chaisleán Dhamh Liag. Is é an seoladh a bhí ag daoine a bhí ina gcónaí i dtithe beaga ceann tuí ansin le linn luacháil *Griffith* sa bhliain 1854 ná *Back of the Moat* (O'Boyle 1989:25-27). Meabhraíonn an seoladh sin suíomh an chaisleáin dúinn.

⁹Cuirtear síos ar dhéantús an tí mar 'cut-stone house' in *Burke's Guide to Country Houses* (Bence-Jones 1978 i:113).

6.4 Prioryland [50]

Níor frítheadh fianaise ar an logainm *Prioryland* go dtí an dara leath den 17ú haois. Is cosúil go raibh an chiall *foirgneamh na mainistreach* agus gach ar bhain léi idir chomhghabhálais (*appurtenances*) agus thailte ag *Priory* sa 16ú haois. Ach, mar a léiríodh in 5.3 agus 5.4 thuas, ainmníodh tailte phríóireachta *Llanthony* i nDamh Liag Íochtarach ina logainmneacha féin, as ar bailíodh deachúna, beathúnais agus seirbhísí, agus cláraíodh an t-eolas sin go mion i gcairteanna oifigiúla ón 12ú haois i leith, mar is léir ó cháipéisí ICL (*passim*).

Is ar an taobh thoir d'*Abbeyland* i bparóiste Dhamh Liag atá an baile fearainn *Prioryland*. Shamhlófaí go mbeadh *priory* ar *Prioryland*, ach mar a luadh in 6.3 thuas, is ar *Abbeyland* a bhí príóireacht *sancti Michael* suite. Ní raibh baint ag *Prioryland* le Príóireacht *Sancti Michael* go dtí an 15ú haois, cf. 6.5 thíos. Ní fhaightear *Priory* mar logainm go dtí an 17ú haois, ná *Prioryland* go dtí an 19ú haois.

6.5 *Lez maudelyneslandes*: Logainm stairiúil ar *Prioryland*?

Tharlódh gurb é *Lez maudelyneslandes* (AD 1459, SRPI Henry VI: 628-30, 22) a tugadh ar *Prioryland* sular athraíodh go *Prioryland* [50] é. D'fheidhmigh ospidéal a bhí tiomnaithe do *Maria Magdalena* (ICL: 233, Cairt 38, *ibid*:34 Cairt XXVII)¹⁰ idir an 13ú haois agus an 15ú haois san áit ar a dtugtar *Prioryland* anois. Tá trí logainm ar marthain go háitiúil a chaomhnaíonn cuimhne ar an ospidéal. Is iad sin *Maudlins Bridge* (SRPI Henry VI: 628-30, 22) atá ag bun bhaile Dhamh Liag, *Maudlin Meadow* atá ó dheas den droichead, soir ó bhóthar Bháile Átha Cliath, agus garraí a bhfuil an t-ainm *Maudlin field* air (French 2009:18).¹¹ Dhearbhaigh Eádbhard IV go raibh *lez maudelyneslandes de diveleke* ‘tugtha’ agus ‘bronnta’ ar *henrie prior de lanthony iuxt Gloucestre in Engletre* sa bhliain 1481 (SRPI Ed IV ii:882, XXI).

Is i gcáipéis a scríobhadh i bhFraincis na 15ú haoise a fhaightear tagairt stairiúil don logainm *lez maudelyneslandes de diveleke* [50] a bhfuil an eilimint MAUDELYNE ann, chomh maith le tagairtí do *le pount dez Maudelynes*, *Chapell dez Maudelynes*, déantúis a bhain leis an áit. Tá tagairt do *Maudlen-Meadow* i gcáipéis de chuid Shéamas I (17ú haois), agus rinne Archdall tagairt do *Madlune meadow* san 18ú haois freisin (*passim*).¹²

¹⁰ Féach aistriúcháin in Hogan 2008:240, 244).

¹¹ Tugann O'Boyle *The Hospital Field* ar *Maudlin field* (1989:28).

¹² Níl *Abbeyland* ná *Prioryland* ná *Maudlin* ná *Glebe* le fáil in *Forfeited Estates 1700*. Luann Archdall ‘*Maudlinton or Maghere Nuidhe*’, ospidéal do lobhair a raibh 120 acra talún ag dul leis in *Maudlinton*

6.6 GLEBE

Is i gcáipéisí Fraincise agus Béarla de chuid na 14ú haoise a bhfaightear an téarma *glebe* (< Laidin *gleba* ‘clod’) iontu a chiallaíonn ‘land attached to an ecclesiastical benefice’ nó ‘land belonging to a parsonage’. Níor frítheadh ach trí thagairt don téarma ‘glebe’ i seanfhéilirí gallda (*Calendars*) na tíre, arbh í *Glebe of Mellifont* a fhaightear faoin mbliain 1431 an tagairt is luaithe díobh, cé go bhfaightear foirmeacha de beagáinín níos minice sa 17ú haois.¹³ Ciallaíonn an téarma ‘gach a bhaineann le teach an bhioicair/ reachtaire/ mhinistéara, idir theach cónaithe, fhoirgnimh, ghairdín, *curtilage* agus thalamh’ de réir bhunrecht Eaglais na hÉireann, féach *Glebe* [60]. Níor frítheadh ach dhá thagairt don eilimint GLEBE i bparóiste *Julianstown*, Damh Liag Íochtarach - *Glebe townlands* agus *Glebe House*. Scríobhadh an dá shampla sin sa 19ú haois.

7. VILLA/ BAILE/ TON/ TOUN/ TOWN[E]/ BAL

Is iad na hAngla-Normannaigh a thug na heilimintí lonnaíochta VILLA agus TON go Damh Liag Íochtarach. Athraíodh na foirmeacha luatha sin go TOUN agus TOWN[E] níos deireanaí. Pléifear croineolaíocht chéadtaifead na n-eilimintí thuasluaite i logainmneacha Dhamh Liag Íochtarach thíos. Pléifear an eilimint BAILE atá le fáil mar phríomheilimint i gcáipéisí na 13ú haoise sna logainmneacha *Ballymad* agus *Ballymagarvey* freisin. Níl talamh slán déanta de gurb é *Ballymagarvey* [1] a bhí i gceist leis an logainm *villa Magercei* mar a phléifear in 7.8 thíos. Tagrófar d’obair Flanagan agus Price agus an eilimint BAILE á plé. Cé nach bfuil sé go hiomlán cinnte gur BAL > BAILE atá i gcúpla logainmn na leathbharúntachta, tabharfar comhthéacs stairiúil na heiliminte BAL in 8 thíos freisin.

7.1 Na chéad tagairtí: VILLA sa 13ú/ 14ú haois¹⁴

Tá an téarma VILLA le fáil sna logainmneacha a leanas:

- (i) ~~?villa Magercei~~ AD 1211-12 (Pipe Roll John 1211-1212), ach is amhrasach gur foirm luath de *Ballymagarvey* atá in *villa Macgarcei*, féach 7.8 thíos. Sílim go mba é *Ballimacgarvi* AD 1282 (CDI) an sampla is sine den logainm *Ballymagarvey* [1] atá aimsithe go dtí seo.
- (ii) *villa Pagani Dollard* AD 1211-13 (ICL),

agus *Rochestown*, chomh maith le deachúna as áiteanna eile (*op cit*:820). Níor chuartaíos foinis na 19ú haoise don eilimint MAGDALEN/ MAUDLEN.

¹³ Faightear athchlárú ar na *Glebe Lands* mar atá siad le fáil sa BSD cf. an liosta díobh ata le fáil sa CS faoin teideal ‘The Barrony of Duleek’ (CS:378-401).

¹⁴ Tugtar na tagairtí iomlána i gCaibidil 2, féach míreanna [1], [2], [3], srl.

- decimis de terra Ade Dullard* AD 1187-91 (ICL), níos luaithe,
Dullardeston AD 1529 (Inq Hen VIII 49/91) níos deireanaí,
Dollardstown [85] go comhaimseartha.
- (iii) *villa Marinorum/ villa Roberti Marinerii* c.AD 1211 (ICL),
Marinerston AD 1340 (CPR Ed III) níos deireanaí,
Mornington [10] go comhaimseartha.
- (iv) *villa Kathil* AD 1290 (CGR), *Calyston* AD 1381 (ICL),
Callestowne AD 1654-56 (CS), *Caulstown* [30] go comhaimseartha.
- (v) *vill of ... Payniston* [an paróiste] AD 1295 (CDI),
Painestown [86] anois.
- (vi) *Villa Ledwych/ Rogerstoun circa* AD 1280 (CGR), níos deireanaí
Rogerestoun Ledwyche AD 1370 (*ibid*), *Rogereston* AD 1408 (ICL),
Rogerstown [64] go comhaimseartha.
- (vii) *Vill of Kent* AD 1302-06 (CDI),
Kenteston AD 1318 (CGR), níos deireanaí, féach [69]
- (viii) *Villa Britone/Villa Brucon* AD 1306 (CDI), níos deireanaí
Burtonstown-Galvey AD 1621 (CI 1991), *Burtonstowne* AD 1659 (*Census*), féach [2].
- (ix) *villa de Laylond* AD 1315 (CGR); athraíodh go *Leyton* é faoi AD 1524 (CI 1991),
Laytown-Bettystown go comhaimseartha, féach [9].

7.2 TON/ TOUN: Dhá shampla ón 13ú haois, agus Ainm Pharóiste ón 14ú haois

- (i) *Paineston*, paróiste Cholpa AD 1279 [12], (*terra Ade Dullart et Pagani fratris sui* AD 1212 (*Reg Kil*), níos luaithe.
- (ii) *Midnithestoun* c1290 (CGR), *Ministown* [62] go comhaimseartha.
- (iii) *Daueneyestoun* 1396 (CGR), *Castle Dany* [nó ?*Castello Dany*] níos túisce
AD 1199 (CDI), *Danestown* [16] anois.

7.3 TOUN/ TON: Sé shampla a thagann chun solais sa 14ú haois den chéad uair

Seachas *Julianeston* (a thóg áit an logainm dúchasaigh *Ainghe, Aní* go comhaimseartha, a bhfuil taifead fairsing air ón mbliain c.1202-10 i leith [61]), is sa chéad scór bliain agus sa scór bliain deireanach den 14ú haois a fhaightear na chéad tagairtí do bhailte fearainn, a bhfuil an stuchtúr EILIMINT + *es/ s* sealbhach + TOWN orthu, mar seo a leanas:

- (i) *Fyngallestoun/ Arthurestoun* AD 1318 (CGR) [*Arthurestoun* 1312 (CJR 1308-14)]

- a d'athraigh go *Galliston* in AD 1540, *Gallstown* [41] anois.
- (ii) *Julianeston* in AD 1341 (CGR), *Julianstown* [61]
- (iii) *Calyston* AD 1381 (ICL) - féach *villa Kathil 7.1.4* thuas,
Caulstown [61] go comhaimseartha.
- (iv) *Kernanston* AD 1381 (ICL), *Carranstown* [29] anois.
- (v) *Gillingeston* AD1381 (ICL), *Gillinstown* [42] anois.
- (vi) ? *Newenton* AD 1381, paróiste Dhamh Liag (ICL), *Newtown* [48] anois.

7.4 TON: Sé shampla a scríobhadh den chéad uair sa 15ú haois

Frítheadh sé cinn eile de logainmneacha a bhfuil TOWN iontu den chéad uair sa 15ú haois. Is iad sin:

- (i) *Betaghston* AD 1400 (CGR), *Betaghstown* [4] agus *Bettystown* [(Is 1812)] [9] anois.
- (ii) *Newton*, paróiste Cholpa AD1408 (ICL), féach [11].
- (iii) *Dovaneston* AD 1465 (SRPI Ed IV), *Downestown* [35] anois.
- (iv) *Pulleston* AD1408 (ICL), *Pilltown* [13] anois.
- (v) *Kellyeston* AD 1472-3 (SRPI Ed IV), *Kellystown* [43] anois.
- (vi) *Thomaston* AD 1463 (SRPI Ed IV), *Thomastown* [56] anois.

7.5 TON: Naoi sampla a thagann chun solais sa 16ú haois den chéad uair

Ní fhacthas na logainmneacha a leanas in aon cháipéis níos luaithe ná an 16ú haois:

- (i) *Gilton* AD 1541 (IFTS Ed VI), *Gilltown* [80].
- (ii) *Gasconston* AD 1540-41 (CSL), *Gaskinstown* [40].
- (iii) *Johnston* AD 1540-41 (CSL), *Johnstown* [58].
- (iv) *Smetheston* AD 1540-41 (CSL), *Smithstown* [66].
- (v) *Carragheton/ Curraghton* AD 1572 (Inq Eliz), *Curraghtown* AD 1572 [67]
agus go comhaimseartha.
(Faightear *Curraghe* AD 1540-41 (CSL) gan TOWN, 30 bliain níos luaithe).
- (vi) *Calliaghton/ Callaghton* idir AD 1509 & 1547 (Brodigan/Hen VIII),
Calliaghtown anois [74].
- (vii) *Dromenhall alias Newton of Knockamothan* AD 1537 (Hen VIII),
Newtown, paróiste *Knockcommon* [81] anois.
- (viii) *Shensyalsyston* AD 1535 (Hen VIII), *Seneschalstown* [87] anois.
- (ix) *Thurstyneston* AD 1529 (Hen VIII), *Thurstianstown* [88] anois.

7.6 TOWN: Dhá shampla na 17ú haoise nár frítheadh scríofa roimhe sin, agus athrú ainm *Legno/ Perston laundey go Piercetown*

Is cosúil gur bunaíodh dhá logainm nua a bhfuil an eilimint TOWN iontu sa 17ú haois, mar níor frítheadh aon tagairt dóibh roimhe sin.

(i) *Bryenston* AD 1635 (Car I Inq Lag), *Bryanstown* [92] anois.

(ii) *Veldonstowne* 1654-56 (CS), *Veldonstown* [72] anois.

(iii) Cuireadh *Piercetown* 1654-56, (CS) ar an logainm seanbhunaithe *Perston laundey* (AD1475-76 SRPI Ed I). Is *Legno* AD 1212 (Reg Kilm) a bhíodh air go dtí an 15ú haois. Is deacair a rá cé acu *Piercetown* a bhí i nDamh Liag Íochtarach agus cé acu a bhí i nDamh Liag Uachtarach, mar a pléadh i gCaibidil 2, *Piercetown* [90].

7.6.1. NEWTOWN

Is logainm an-choitianta ar fud na tíre é *Newtown*, agus ós rud é go bhfuil roinnt tagairtí do *Newtown* éagsúla i nDamh Liag Íochtarach, pléifear an logainm *Newtown* go ginearálta anseo.

Tá leaganacha de *Newtown* le fáil i gcáipéisí éagsúla idir Ghaeilge,¹⁵ Fhraincis,¹⁶ Laidin¹⁷ agus Bhéarla¹⁸ ón 13ú haois i leith. Uaireanta bíonn cur síos sách cruinn ar shuíomh an *Newtown* a bhíonn luaite i gcáipéisí áirithe, féach *Newtonupon Knockaman* (CS:25) nó *Newton of Athfallyn* (CGR:4, f.3), *Newtown near Athboy circa 1400*

¹⁵ Féach: ‘1295 Caislén *an bhaile nuí* 7 Caislén moighe brecnoighe do leccadh la eaffraigh o bfearghail’ [CM] (ARÉ iii:464); ‘1474 ... 7 caislen *an bhaile nuí* do bhriseadh lais’ [IM] (*ibid* iv:1086). Féach freisin faoin mbliain 1600 AD: ‘*An baile nua* hi ttír Eoghain, 7 caislen na deirce do ghabháil lá niall, 7 la gallaibh, 7 a mbein diobh doridhisi gar becc iar sin.’ (*ibid* vi:2226); ‘*Ballynoye* i Longfort’ (Census 1659:138); ‘*Monknewtown* Parish is called *Baile Núadh na Manach*, which name it obtained, according to tradition, from a monastery which was formerly erected there.... in TI .. old church in ruins ... *Teampall-Bhaile-Núadh-na-Manach*’(L:106 (1928:42). Féach freisin gur bhunaigh ‘Mr Hamilton’ an baile *Newtown Hamilton* sa bhliain 1770 (Lewis Top Dic 1837:438-39); ‘... anciently denominated Tulivallen. ... According to J.H. Lloyd [a bhí ag scríobh sa bhliain 1901] the Irish name of Newtown-Hamilton ‘mentioned almost daily by Irish speakers in Omeath, Co. Louth, is *Baile Úr*.’ (Ó Tuathail 1945- 47:173).

¹⁶ cf. AD 1311: ‘Henry de Mounteney a soun chere ffele et leal frere Adam Bernard prioure de la meson Scynt Johan de *Nouell lieu iuste Trym* ... nous aurons graunte et done et par notre chartire conferme a ... quatre marches de Rente de Dunkenny ...’ (CGR 200: f.198d.).

¹⁷ cf. c1235 ‘de *Novo loco juxta Trym*’ (CGR 198, f.197). Féach freisin na tagairtí a leanas a thagann as eagrán CDI atá aistriithe go Béarla: ‘church de *Novâ Villâ*’ (CDI 1302-7: 251), ‘Church de *Nova Villa* ... de Trim ...with chapel’ (*ibid*:265). Féach freisin: ‘*Nova Villa de Dundalke*’ (Reg Mey:197).

¹⁸ Cláraítear *Newtowne* sna paróistí *Creuagh, Ardcath, Kilmainham, Killclone, Killmore, Athboy, Clogill, Ratooth, Girley* in EM in BN, chomh maith le *Newstowne* in *Drumconrath*. Tá os cionn 50 *Newtowne* liostaithe i bparóistí éagsúla in CL, D, Kk. Lo, WM, KD, King’s Co, Lim, LF, T, Wat, Wex, Q[ueens county] (Goblet [1672]:323), agus féach HD freisin, ina bhfuil *Newtowne* le fáil sna paróistí a leanas: *Ardechath, Kilmainham, Killclone, Killmore, Athboy, Clogill, Ratooth, Girley, Drumconrath* in EM (*ibid* [1655-9] 323). Féach freisin CI 1991 ina bhfuil go leor *Newtown/ Newton* luaite - in D[ublin], W[icklow] or Kd [Kildare], Kk [Kilkenny], Lfd [Longford], L[outh], WM [Westmeath], Qs [Queens County] (CI 1991:684-685).

(*ibid*:141, f.183)¹⁹ mar shampla. Uaireanta eile bíonn sé deacair reiteach a fháil ar cén *Newtown* a bhíonn i gceist – go mór mór i gcás cáipéisí na n-ionchúisithe sa 17ú haois. Is cosúil go bhféadfadh ainm eile a bheith ar *Newtown* – deir Ó Donnabháin maidir le *Newtown Parish*, atá i mbarúntacht Cheanannas Íochtarach, nach *Baile Nuadh* a bhí air ó thús, ach *Baile an Righ, Villa Regis* (OSL:159).

Bhí bealaí éagsúla ag na háitritheoirí le haghaidh idirdhealú a dhéanamh idir na *Newtown* éagsúla. Uaireanta faightear tagairt do *Newtown* atá cáilithe le sloinne - féach *Newtown (Baker)* CC, *Newtown (Shea)* CC, *Newtown (Pilsworth)*, *Newtown (Regan)* G, *Newtown (Darcy)* G, *Newtown (Glynn)* G, *Newtown (Lynott)* G, *Newtown (Guest)* TA, *Newtown (Hodgins)* TA. Féach freisin *Newtown Mountkennedy* CM, ina bhfuil *Newtown* cáilithe le sloinne agus le heilimint eile sa bhreis. Feictear rian sloinne ar logainmneacha stairiúla a bhfuil NEWTOWN mar eilimint iontu uaireanta, féach:

AD 1537 *Newton called Fitz Gerrod lands* (H VIII 93/58 (c) CI 1991)

AD 1625-49 *Newton de Garrieston* (Car I:160 gan dáta),

Newton-Moyaghy a luadh le paróistí *Upper Deece, Moyglare and Rodanstown* (16 Car. 1)

Newtown Moynagh (Lower Moyfenrath) Meath (AITTI 1851).

Newtownrathganley (Deece in Kilmore parish) (*ibid*), féach freisin **2.2**

Newtown Limavady alias Rathbrady Beg (Londonderry) (*ibid*)

Newtown & Ballyfalline (DS)/ *Newtown Ballyfallon* (Larkin 1812)

AD 1604 *Horrocke and Woodway in Newtowne, co. Meath* (J1 26/25, CI 1991:334)

Bhí *Newtowne* le fáil sna paróistí *Creuagh, Ardchath, Kilmainham, Killclone, Killmore, Athboy, Clogill, Ratooth, Girley in EM* sa 17ú haois de réir BN, agus chláraigh Goblet os cionn 50 *Newtowne* i gcontaetha éagsúla a bhí ar learscáileanna *Hibernia Delineatio* (1932:231). Frítheadh tagairtí stairiúla do dhá bhaile fearainn i nDamh Liag Íochtarach nach maireann. Is iad sin *le Neweton de Stamene* (idir 1461 & 1483 SRPI Ed IV:862) agus *Newtownplatin* (Is SO 1835/6 athbhreithnithe 1899).

Maireann an logainm i gcónaí i bparóiste Cholptha, Dhamh Liag agus i bparóiste *Chnoc Cam Abhainn/ *Knockcommon*. Is é an ceann is sine díobh sin ná an *Newtown* [11] atá i bparóiste Cholptha - tá an chéad tagairt dó le fáil i gcairt a scríobhadh sa bhliain 1408, *Newtown* i bparóiste *Knockcommon* [82] an dara ceann is sine díobh, a

¹⁹ D'fhéadfadh sé gur mar a chéile *Newtown near Athboy circa 1400* (*op cit*) agus *Newton of Athfallyn = Ballyfallyn otherwise Newtown (par. Athboy) ? AD 1175- 1397* (*op cit*).

ndearnadh tagairt dó den chéad uair sa bhliain 1537, agus is é an *Newtown* is nuá i nDamh Liag Íochtarach ná *Newtown/ Villata de Newton* [48] atá i bpaóiste Dhamh Liag - frítheadh an chéad tagairt dósan i gcairt ón mbliain 1540 agus frítheadh an tagairt neamhghnách *Free land/ Freelone* dó ag tús na 18ú haoise.

Cláraíonn *logainm.ie* (2010) 196 *Newtown* agus tá dáileadh fairsing ag *Newtown* thar 26 chontae den tír.²⁰ Luaitear 13 shampla den leagan Gaeilge *An Baile Nua* in *Foclóir Stairiúil Áitainmneacha na Gaeilge* – is leis an alt a fhaightear na samplaí sin (FSÁG Fascúl 2:51-52).

7.7 BAILE

Is sa 13ú haois a fhaightear tagairtí do dhá bhaile fearainn a bhfuil BAILE mar phríomheilimint iontu. Is iad sin:

- (i) *Ballimacgarvi* 1282 (CDI), *Ballymagarvey* [1]
- (ii) *Ballimad* AD 1221 (ICL), *Ballymad* [3]

Pléifear a n-áit i bpátrún logainmneacha na 13ú agus na 14ú haoiseanna in 7.8 thíos, ach breathnófar ar a bhfuil ráite ag Flanagan faoin bhfocal *baile* sa litríocht ar dtús.

7.7.1 Tháinig Flanagan ar an tuiscint go raibh bríonna éagsúla leis an téarma ‘baile’, tar éis di breathnú ar an téarma mar a fhaightear é sna téacsanna Meán-Ghaeilge seo a leanas:

- (i) i mbali Ruadain (LL líne 19269)
- (ii) Tánic isin mbaile leó (*Cathréim Cellaig*, Mulchrone 1971:5)
- (iii) Mét mo boithe – bec nád bec, baile sétae sognath
(*Early Irish Lyrics*, Murphy 1956:10-11)
- (iv) Rath .i. baile (‘Sanas Cormaic’ (YBL),
Bergin *et al* 1912:99, 1117)
- (v) i nnách dunad & i nnách primbali i nHerind
(L na hU:líne 10170 (compiled 1106))
- (vi) ro loisc in dun 7 co ro bris a baile (1010, AU i:524 = AU 1011 §6)

Shíl sí gur:

- (i) ‘place’ a bhí i gceist sa sampla i *mbali Ruadain*

²⁰ Níl ach 6 chontae ann nach bhfaightear *Newtown* iontu. Is iad sin Dún na nGall, Doire, Tír Eoghain, Muineachán, Liathdruim agus Ciarraí.

- (ii) ‘place’ a bhí i gceist sa sampla *Táinic isin mbaile leó*²¹
- (iii) ‘homestead’ a bhí i gceist sa sampla ... *baile sétae sognath*,
- (iv) ‘settlement unit’ a bhí i gceist sa sampla *Rath .i. baile*,
- (v) ‘homestead’ a bhí i gceist sa sampla ... *i nnách primbali i nHerind*
- (vi) ‘a specific [settlement-unit] and not a general application’ a bhí i gceist leis an sampla *co ro bris a baile*. agus deir sí:

... there is enough evidence to suggest that we look somewhat further back than 1150 for the origin of our baile-unit (1994:23).

Cuimhnítear go bhfuil dhá logainm i nDamh Liag Íochtarach a bhfuil an eilimint BALLY iontu ó thús a dtaifeadta .i. *Ballymagarvey* [1] agus *Ballymad* [3], le hais 34 logainm ina bhfuil foirm de TON/ TOUN/ TOWN[E] iontu (ag cur na 6 logainm a mbíodh VILLA iontu ar dtús san áireamh, ach a d’athraigh go TON/ TOUN/ TOWN[E] níos deireanaí.) Is fiú a n-áit a fheiceáil i gcomhthéacs ráiteas Flanagan thuas agus i gcomhthéacs VILLA/ BAILE/ TON/ TOUN/ TOWN[E]/ ?BAL mar a fhaightear i nDamh Liag Íochtarach iad, féach an Tábla thíos:.

Tábla 1

VILLA/* BAILE TON/ TOUN/ TOWN[E]/ ? BAL

	13ú haois	14ú haois	15ú haois	16ú haois	17ú haois
BAILE	2				
VILLA	5	3			
TON	1	5	6	11 [-1**]	1
TOUN	1	2			
TOWN[E]					1
? BAL			?1	?1	

*Ní áirítear *villa Magarcei* sa Tábla.

** Áirítear an baile fearainn *villa de Laylond/ Layton* le logainmneacha VILLA, féach 7.1 (ix). Athraíodh *villa de Laylond* go *Leyton* sa 16ú haois.

²¹ Silim gur míleamh atá anseo, agus gur ‘town’ atá i gceist le ‘baile’ sa téacs seo, mar baintear leas as an bhfocal *áirm* ‘place’ sa téacs san alt céanna, féach:... ros gab Cellach is í comarli doróine na trí nónbair boí ina fharrad forin chocad imdecht **co hairm** a mboí a oite .i. Ciarán Cluana ... γ d’fhuirig allamuig do Chluain nó co fuair drem dá chomaltaib γ doa chlérchib allamuig do Chluain [hé]... **Táinic isin mbaile leó** ... γ táncatar maithe in tshámaid les arnamárach **co hairm** a mboí Ciarán d’iarraid sída γ trócaire air (Mulchrone 1971:5, 141 - 151)

- (i) Baineadh leas as an téarma VILLA in ocht logainm i nDamh Liag Íochtarach sa 13ú haois agus sa 14ú haois.
- (ii) Tá an eilimint BAILE le fáil i dhá logainm a bhfuil an chéad taifead orthusan i gcáipéisí gallda a scríobhadh sa 13ú haois.
- (iii) Tá dhá logainm ann (ceann ón 15ú haois agus an ceann eile ón 16ú haois) a bhfuil BAL iontu. Áirítear sa Tábla iad le comhartha ceiste, mar tá an fhianaise róthanaí le cás láidir a chur chun cinn gurb í an eilimint BAL ó BAILE a bheadh iontusan.
- (iv) Tá 35 logainm uile taifeadta sna cáipéisí gallda a bhfuil an eilimint TOWN iontu (cuirtear an dá pharóiste *Danestown* agus *Piercetown* san áireamh).²² Athraíodh an eilimint VILLA go TON/ TOWN sna hocht logainmn a cláraíodh den chéad uair sa 13ú haois agus sa 14ú haois. Maidir leis na logainmneacha a bhfuil an eilimint TON/ TOUN/ TOWN iontu ó thús, is sa 13ú haois a taifeadadh péire díobh den chéad uair, faightear seacht gcinn nua sa 14ú haois, taifeadadh 6 cinn eile sa 15ú haois, 10 gcinn nua sa 16ú haois agus dhá cheann sa bhreis orthu sin uile sa 17ú haois.

7.8 Is iad *Baile mhic Garbhí/ *Ballymagarvey* agus *Baile [an] Máda/ *Ballymad* an dá bhaile fearainn i nDamh Liag Íochtarach a bhfuil an eilimint BAILE iontu. Maidir leis na foinsí riaracháin a chláraíonn an eilimint BALLY < BAILE, deir Flanagan & Flanagan nach mbíodh an cleachtas ann taifead scríofa a dhéanamh ar bhronntaí nó ar aistrithe tailte roimh lár na 12ú haoise. Thosaigh manaigh na n-Ord eaglasta nuathagtha ar a scríobh, agus lean na hAngla-Normannaigh leis an gcleachtas:

.... when we state that baile-names begin to be recorded in the mid-12th century, we must see this in the context of the new class of documentation which begins at this time (Flanagan & Flanagan 1994:22).

Maidir leis an bhfoim *villa Magercei* (Pipe Roll John 1211-1212:20, 22), ní deir Davies, Quinn, eagarthóirí na foinse, go deimhneach gur foirm stairiúil de *Ballymagarvey* atá in *villa Magercei* - ní chuireann siad ach an ghluais ‘possibly Ballymagarvey’ leis. Ba é an cleachtas a bhí ag scríobhaithe na gcáipéisí riaracháin, de réir na fianaise atá bailithe don tráchtas seo, gur athraíodar logainmneacha, ar scríobhadar an eilimint VILLA iontu sa 13ú nó sa 14ú haois, go TOWN sna haoiseanna ina dhiaidh sin. Níor tharla sé sin i gcás *Ballymagarvey*. Mar sin, ní dócha gur slán é an

²² Tá an logainm céanna ar pharóiste agus ar bhaile fearainn araon i gcás *Kentstown*, *Painestown* agus *Julianstown*

léirléamh gur foirm luath de *Ballymagarvey* a d'fhéadfadh a bheith sa logainm *villa Magercei*.

Is cosúil gur logainmneacha eisceachtúla iad *Ballymagarvey* agus *Ballymad*, toisc nár athraíodh *Bally* go TOWN (nó do VILLA) iontu riamh, agus más slán an argóint maidir leis an gcleachtas VILLA a athrú go TOWN i gcáipéisí na gcoilíní, seachas go BAILE, is áit eile ar fad í *villa Magercei* - ní dócha go raibh an eilimint VILLA mar phríomheilimint in *Ballymagarvey* riamh.²³

D'fhéadfaí tátal a bhaint as seo uile, go raibh an eilimint BAILE seanbhunaithe sna logainmneacha *Ballymagarvey* agus *Ballymad* faoin am ar tháinig na Normannaigh, agus gur ghlacadar leis na logainmneacha sin mar a ghlacadar le cuid de na logainmneacha eile a bhí seanbhunaithe cf. 5.3, 5.4 thuas. Tharlódh mar sin, i bhfianaise an phátrúin atá léirithe i logainmneacha na leathbharúntachta, gur logainmneacha dúchasacha Gaeilge a bhí in *Ballymad* agus in *Ballymagarvey* riamh, sula ndearnadh taifead orthu i gcáipéisí na gcoilíneach 'in the context of the new class of documentation' (*passim*) ar chor ar bith.

Má tharla sé gur éirigh an eilimint BAILE bisiúil de bharr an chleachtais a bhain leis na heilimintí VILLA agus TÚN, caithfidh sé gur tharla sé ní ba deireanaí ná an 13ú haois - ní luaitear tréimhse ama cinnte leis, féach:

... the use of *baile* was considerably accelerated by the Anglo-Norman use of Latin *villa* and English *tūn* qualified by the name of the feudal tenant... *Baile* was regarded as the Irish equivalent of these terms and *baile*-named units emerged alongside the Anglo-Norman *toun*-named units (Flanagan & Flanagan 1994:24).

Cé go ndeir Price:

... in the same way as *villa* and *tūn* seem to be equated in the thirteenth century documents ... so the officials writing the Latin documents of the period were also prepared to use *baile* as the equivalent of *villa* (1963:123).²⁴

²³ Chonacthas go raibh TOWN le fáil cheana féin i logainmneacha a scríobhadh sa 14ú haois chomh maith .i. *Ministown* [62] agus *Fingaldestown* (= *Gaulstown* [41]) - níor bhacadar le VILLA ina gcás siúd ar chor ar bith, mar a rinneadar i gcás na logainmneacha eile a scríobhadh sa 14ú haois atá luaite in 7.1 thuas. Bhí *toun* ar *Ministown* [61] agus ar *Fingall- /Gaulstown* [41] ón tús. Féach freisin *Dollardstown* [85] > *Payneston Dullard* AD 1308 > *villa Pagani Dullard* AD 1211-13, *Gillinstown* [42] > *Gyllyngeston* AD 1381.

²⁴ Féach freisin Crozier a bhreathnaíonn ar an téarma lonnaíochta *baile* in Éirinn agus in Albain (1988:53-56). Luann sé Fraser (1978:14) chun tacú leis an ráiteas: 'Evidence from Scotland ... suggests that *baile*

áiteofar thíos nach mar sin a bhí i gcás na logainmneacha i nDhamh Liag Íochtarach a bhfuil VILLA, TON nó BAILE iontu. Is fiú breathnú ar ar tharla agus déanfar sin anois.

Tá seacht logainm in úsáid i nDhamh Liag Íochtarach i gcónaí, a cláraíodh sa 13ú haois in ICL a bhfuil TOWN iontu anois, agus is VILLA nó TON a bhí iontusan riamh. Tá an logainm *Ballymad* ina bhfuil an eilimint BAILE cláraithe le fáil in ICL freisin. Tá *Ballymagarvey* cláraithe in CDI 1252-84. Más fíor a bhfuil ráite ag na scoláirí thuasluaite, caithfear an cheist a chur, arbh shin a tharla i gcás *Ballymagarvey* agus *Ballymad* nó an raibh an eilimint BAILE seanbhunaithe sna logainmneacha sin? Léiríonn nádúr na fianaise a bailíodh ar logainmneacha Dhamh Liag Íochtarach sa 13ú haois agus sa 14ú haois nach bhféadfadh BAILE a bheith inmhálartaithe le VILLA ná le TON/ TOUN sa tréimhse ama sin. Tabharfar fianaise bhreise chun tacú leis an téis gur logainmneacha dúchasacha atá in *Ballymad* agus in *Ballymagarvey* agus chuige sin breathnófar ar cháilitheoirí logainmneacha Dhamh Liag Íochtarach a bhfuil samplaí stairiúla againn díobh a cláraíodh sa 13ú haois agus sa 14ú haois.

Is cosúil gurb é an t-ainm *Mada* atá le fáil i LMG bunús cháilitheoir *Ballymad* [3]. Chomh maith leis sin, luaitear an *Mátae/ Máta/ Mate* a bhaineann le miotaseolaíocht Cheilteach na nGael i lámhscríbhinní an *Dinnsheanchas* a scríobhadh sa 12ú/ 13ú haois.

Maidir le *Ballymagarvey*, cuireann a bhfuil d'fhianaise ar an ainm pearsanta *Garbhith* (ar dóchúil gurb é an t-ainm sin bunús an cháilitheora) leis an tuairim gur logainm seanbhunaithe Gaelach atá sa logainm sin - bhí tuairiscí ar *Ghairbhith* éagsúla le fáil sa litríocht i bhfad sula raibh trácht ar *Ballymagarvey* [1] féin. Is é tuairim Hogan (1910:343) go mbaineann *Gairbhith, mac Muireccáin, tighearna Derlais* †894 le Contae na Mí (894 ARÉ i:552). Luaitear beirt mhac le *Gairbhith* faoin mbliain 894 san iontráil chéanna. Mar sin, d'fhéadfadh sé gur tosaíodh ar leas a bhaint as *Baile mhic Garbhí/ *Ballymagarvy* [1] mar logainm i ndiaidh na 9ú haoise, abair, idir an 10ú haois agus an t-am a scríobhadh sa 13ú haois é. Is léir go bhfuil a gcáilitheoirí seanbhunaithe sa Ghaeilge.

Ach nuair a chuirtear na cáilitheoirí Gaelacha *Mada* agus *mac Gairbhí* le hais na gcáilitheoirí gallda atá le fáil i logainmneacha eile de chuid Dhamh Liag Íochtarach, a cláraíodh sa 13ú haois, feictear nach as an saol Gaelach a thángadar siúd. Féach: *Pagani*

‘does not belong to the earliest stratum of Gaelic names’ but could perhaps denote forms ‘established by Gaelic speakers from the tenth century onwards’ (Crozier 1988:55)

Dollard, villa Marinorum/ villa Roberti Marinerii, vill of ... Payniston, Paineston, Villa Ledwych/ Rogerstoun, Midnith. Agus seo mar a cláraíodh logainmneacha eile de chuid Dhamh Liag Íochtarach sa 14ú haois: *Vill of Kent, Villa Britone/ Villa Brucon, Burtonstown-Galvey, villa de Laylond* agus *Daueneyestoun* - is léir gur cáilitheoirí gallda atá iontu uile.

Tharlódh gur ghlac na Normannaigh le *Ballimacgarvi* agus le *Ballimad* mar a chualadar ráite iad, ar an gcaoi chéanna agus a ghlacadar leis na logainmneacha Gaelacha eile a chláraíodar sa 13ú haois (*Colp, Duuenacharny/ Downaghkerny, Kildroch/ Kyldroch/ Kyldroght, Tachdrenan, Donoure/ Donure, Anye, Anie, Nanie, Anya, le Nynche/ Nynch* srl, cf. 5.3 thuas). Mar sin, chaithfeadh sé go mbaintí leas as an dá logainm *Ballimacgarvi* agus *Ballimad* i measc na nGael roimh a gcéadthairfead i gcáipéisí na gcoilíneach, maille leis na logainmneacha eile Gaelacha atá liostaithe thuas.



Is léir ón gcodarsnacht shuntasach idir cáilitheoirí na logainmneacha thuasluaite a bhfuil VILLA/ TON/ TOWN[E] iontu agus an dá logainmn *Ballymagarvey* agus *Ballymad* a bhfuil eilimintí Gaeilge iontu, gur aicme eile logainmneacha ar fad iad. Is fianaise í seo a chuireann leis an téis go raibh an téarma BAILE bisiúil i logainmneacha Dhamh Liag Íochtarach sular tháinig na Normannaigh.

8. BAL: Eilimint as Albain a tháinig go hÉirinn sa 15ú haois nó roimhe?

Tá an baile fearainn *Balrath* le fáil i bparóiste *Piercetown* i nDámh Liag Íochtarach. Is logainm é a bhfuil na heilimintí BAL agus RÁTH ann. Ní chuirtear le chéile an dá eilimint seo ar an gcaoi sin ach amháin i gContae na Mí agus i gContae na hIarmhí (*logainm.ie*). Cuireadh rogha dhá léirmhíniú chun cinn sa tráchtas seo maidir le bunús *Balrath* [90].²⁵ Is iad sin (i) gur díorthaíodh BAL ón sloinne *Balle*²⁶ + RÁTH ar analach le *Cruicerath* [18] agus le *Tuitesrath* [71], féach 2.2 thuas, nó (ii) go mbaineann *Balrath* leis an aicme logainmneacha, a bhfaightear fianaise orthu den chéad uair sa 15ú haois, a bhfuil an eilimint ghiorraithe BAL mar chéad eilimint iontu seachas an ghnátheilimint ghalldaithe BALLY, féach léarscáil a ndáilithe thíos. Déanfar iarracht anseo breis léirithe a dhéanamh ar an eilimint BAL > BAILE trí húsáid na heiliminte sin i logainmneacha a phlé.

²⁵ Féach freisin *Balsaran* [27]. Tugtar léirléamha éagsúla ar *Balsaran* i gCaibidil 2.

²⁶ *23rd report ...* 1891:83, 507. Féach freisin ICL:194, CLXVIII ?AD 1470 nó ina dhiaidh agus SRPI Hen VI:128 [LG, AD 1449]



Áiteofar anseo nach mbaineann *Balrath* leis an aicme seo logainm, tar éis ainilís a dhéanamh ar logainmneacha Gaeilge eile a bhfuil na heilimintí BAILE agus RÁTH iontu. Feictear gur faoin struchtúr BAILE + ALT + RÁTH a bhíonn siad go hiondúil, féach *Baili an Ratha* [IM] sa bhliain 1402 (Misc Ir Ann:164,§5, §6) mar shampla.¹ Feictear rian den alt sna leaganacha galldaithe logainmneacha freisin, féach, mar shampla *Ballinridderra* > Baile an Ridire [IM], *Ballinran* > Baile an Rathain [DG], *Ballinrobe* > Baile an róba [MEo] (Flanagan & Flanagan 1994:172) a dtosaíonn a gcáilitheoirí le #R-. Tá an chuma orthu gur faoin struchtúr BAILE + ALT + #R- atá siad.

Is sa 15ú haois a fhaightear an chéad taifead ar *Balrath* paróiste *Piercetown* [90]. Is é sin an tréimhse ama céanna agus a fhaightear BALI-/ BALY-/ BALE athraithe go BAL i logainmneacha, féach léarscáil a ndáilithe ar an gcéad leathanach eile a d'fhoilsigh Brainse na Logainmneacha sa bhliain 1968 - 69.² Ar mhaithe le críochnúlacht, ní miste a bhfuil ar eolas faoin athrú sin a bhreacadh síos anseo.

8.1 Tugtar faoi deara go raibh foirm ghiorraithe ar leith - *Bal* - ar an eilimint BAILE sna contaetha ar an taobh thoir den oileán (Joyce 1869:350-351), Léiríonn foirmeacha stairiúla logainmneacha na Galltacha, a bhfuil an eilimint BAL iontu anois, go mbíodh an eilimint BAILE iontu agus an litriú gallda *Bali/ Baly/ Bale* orthu idir an 12ú agus an 14ú haois. Is cosúil gur thosaigh an t-athrú ó *Bali/ Baly/ Bale* go *Bal* le linn nó roimh aimsir Éadbhard IV, féach **Tábla 2** thíos. Bhí borradh faoi úsáid na heiliminte BAL sa 16ú haois,³ agus bhí sí le fáil go coitianta sa 17ú haois.⁴ Ar ndóigh, athraíodh an chéad eilimint in *Ballimacgarvey* (*sic*) go *Bal[l]*- sa 15ú haois agus sa 16ú haois agus ar ais go *Ballymagarvey* sa 17ú haois, cf. *Ballymagarvey* [1].

8.2 Seo samplaí de logainmneacha a d'athraigh ó *Bali/ Baly/ Bale* go *Bal*:⁵

¹ cf. liosta de logainmneacha a bhfuil an struchtúr BAILE + Alt + RÁTH iontu in *Balrath* [90].

² Deir hÓir an t-eagarthóir: 'Cé nach féidir a rá gur léarscáil chruinn amach is amach í, mar sin, is é is dóichí go bhfuil an pátrún a léiríós sí ceart. Tuairim 80 ainm atá i gceist ar fad ... '(1968 - 69:81).

³ Féach Innéacs IFTS iv:24, 25, 26, 37, 80, 81.

⁴ Féach *Census* 1659:778, 786, 801. Cláraíodh thart ar 50 sampla sa daonáireamh seo.

⁵ Athraíodh *Ballimacgarvi* 1282 sa 16ú haois go *Balmagarvoy* 1538 (H VIII 129/127 CI 1991:69), *Balmagarve* 1546 (H VIII 193/156 *ibid*:110) agus *Balmagarvy* 1557 (P & M 7/36 *ibid*:146). Forbairt í sin nár sheas, cf. *Ballymagarvey* [1].

Tábla 2

An t-athrú ó BALI/ BALY/ BALE go BAL		
Foirm an lae inniu	BALI/ BALY/ BALE ón 12ú go dtí an 14ú haois	BAL ón 15ú haois i leith
Baldoyle ⁶	<i>Balidubgail</i> 1166 <i>Baledugall</i> 1172 <i>Balydogail</i> 1186/7	<i>Baldoyll</i> 1416
Balscadan	<i>Baliscadan</i> 1253 (ICL:56) <i>Balyscadan</i> 1312 (CJR 1308-1314:266) <i>Balyscadan</i> 1364, 1373, 1376, 1376, 1379, 1380 (CGR:23, 136, 48, 49, 135, 59) <i>Balischadan</i> 1373, 1374 (<i>ibid</i> :137, 138) <i>Balliscadan</i> 1410 (<i>ibid</i> :17) <i>Balyscadan</i> 1364, 1376 (<i>ibid</i>) <i>Balliscadane</i> 1412 (23 rd report ... 1891: 138 §858.) ⁷	<i>Balscaddan</i> 1465 (SRPI Ed IV i:304) <i>Balscadan</i> 1547 (CChD:118 §440) <i>Balscaddan</i> 1659 (Census:385)
Balrothery	<i>Balirothery</i> 1297 (CDI 1293-1301: 209,442) <i>Balyrothery</i> 1306 (CJR 1305-1307: 498) <i>Balyrotheri/Balirothery</i> 1308 (CJR 1308-1314:76) <i>Balirothery in Ireland</i> AD 1400 (CPR Hen IV Vol i, AD 1399-1401:239) <i>Ballyrothy</i> AD 1400 (CCI R Hen IV 1399-1413:224)	<i>Balrodry</i> 1463 (SRPI Ed IV i:264) <i>Balrothery/ Balrotherie</i> 1475-76 (SRPI Ed IV ii:180, 442) <i>Balrothery</i> 1659 (Census:384, 385, 387, 392)

⁶ Tras-scríobhadh na samplaí de *Baldoyle* atá sa Tábla ó liosta na samplaí stairiúla a bhailigh de hÓir (1968-69:80, 81). Tá níos mó samplaí ná mar atá tugtha sa Tábla thuas aigesean.

⁷ Tras-scríobh ar CChD atá san 23rd report ... 1891.

<p>Balgriffin [BÁC]</p>	<p><i>Balygryffyn</i> c1294 (CChD:62 §150) <i>Baligriffin</i> 1297 (CDI 1293-1301:209,442) <i>Balygriffin</i> [Swords] 1306 (CDI 1302-07:239) <i>Balygrefey</i> Ireland 1297 (CDI 1293-1301) <i>Baligriffin/Ballygriffin</i> 1395 (CChD:85, §259, §260 / §261) <i>Balygriffin</i> AD 1403 (<i>ibid</i>:85, §265) <i>Balygryffyne circa</i> 1403 (<i>ibid</i>:180, §813) <i>Balygryffyn circa</i> 1403 <i>sic</i> (23rd report ... 1891)132, §813 (<i>French.</i>) <i>Balygryffyn</i>[e] c1403 (CChD:86, §266, 180, §813, §815) <i>Balygryffyn</i> 1406 (CChD:86, §272) <i>Balygryffyn</i> 1418 (<i>ibid</i>:86,§275)</p>	<p>[<i>Balgryffyn</i> 1396-97] (23rd report ... 1891) 15 §40 [= CCh D:127, §784]⁸ <i>Balgriffin</i> 1479-81 (SRPI Ed IV ii: 832) <i>Balgryffyn</i> 1504 (CChD:107 §379) <i>Balgriffin</i> 1506 (CChD:109, §384) <i>Ballgriffin</i> 1539 (CChD:115,§431) <i>Balgryffyn</i> 1543 (CChD:117 §435) <i>Balgryffyn</i> 1544 (IFTS HenVIII:49, 436) <i>Balgriffen</i> 1547 (CChD:118 §440) <i>Balgriffen</i> 1659 (Census: 389)</p>
<p>Balbriggan</p>	<p><i>Ballybrygyn</i> AD 1400 (CCI R Hen IV 1399-1413:224) <i>Balibragane</i> 1404 (CPR Hen IV 1401-05:374) <i>Ballybragan</i> 1549-50 (IFTS i Ed VI: 135, 442)</p>	<p><i>Balbrigin</i> 1569 (IFTS ii Eliz:177, 1390) <i>Balbriggan</i> 1659 (Census:385)</p>
<p>Balsaw</p>	<p><i>Ballisaue</i> 1475-76 (SRPI Ed IV ii:358) <i>Ballesawe</i> 1594 [1538] (Eliz 225/149, 6 CI 1991:299)</p>	<p><i>Balshawe</i> 1604 <i>Balsaw</i> (AITTBI 1851:132)</p>

⁸ Ní dócha go bhfuil an fhoirm seo cruinn. Tras-scríobhadh CChD mar 23rd report of the Deputy Keeper of Public Records in Ireland (Dublin 1891) agus is as an 23rd report ... a thagann an tagairt *Balgryffyn* 1396-97, ach tá an nóta ‘mutilated’ curtha le CChD §784 i ndiaidh ‘Dated, Thursday [] 20 Ric. II (1396 - 7). Ós rud é go bhfuil an chuid sin den cháipéis ‘mutilated’, an bhféadfadh sé go bhfuil drochbhair ar an gcuid eile di in CChD? An bhféadfadh sé gur earráid atá sa léamh *Balgriffin* 1396-97, ós rud é nach raibh deireadh na cáipéise soiléir sa bhunfhoinsé CChD, agus ós rud é go bhfuil teacht ar thaifid faoi dhátaí níos deireanaí den logainm *Balygriffin* AD 1403, *Balygryffyn* c1403 agus *Balygryffyn* AD 1418 sa bhunfhoinsé chéanna [CChD], mar atá tugtha sa Tábla thuas?

8.3 Le tuiscint a fháil ar an eilimint BAL,⁹ caithfear breathnú (i) i dtreo logainmneacha na hAlban a bhfuil BAL iontu, agus (ii) ar theacht na nGallóglach sa 13ú haois agus ar theacht na ndeartháireacha Bruce go hÉirinn sa 14ú haois.

(i) Cuireadh an eilimint Ghallda BAL ar an eilimint Ghádhlac *Baile* i logainmneacha ón 12ú haois i leith in Albain Theas, féach na ‘lost’ names’ atá luaite in *Scottish Place Names* .i. *Balnebucht* ón 12ú haois, *Balbaghloch* 1331, *Ballentrodach* 1237, *Balgrwmy* 1593 in Midlothian, chomh maith le *Balgrenagh* 1336 agus *Balnegrog* 1336 in *East Lothian* (Nicolaisen 1976: 124). Tá go leor samplaí den eilimint le fáil i logainmneacha atá ar marthain i gcónaí in *Ayrshire* (*Balbeg*, *Balgray*, *Balkenna*, *Ballantrae*), i *Wigtownshire* (*Baldoon*, *Balgown*, *Balminnoch*, *Balwherrie*), in *Kircudbrightshire* (*Balcarry*, *Balmaclellan*, *Balmingan*), i *Lanarkshire* (*Balbackie*, *Balwaistie*), in *Selkirkshire* (*Balnakiel*), in *Peeblesshire* (*Bellaman* (with *Ballaman Hill*), in *East Lothian* (*Balgone*, *Ballencrieff*), in *Midlothian* (*Balerno*, *Balleny*) i *West Lothian*, (*Balbardie*, *Balgreen*, *Balmuir*) agus i *Renfrewshire* (*Balgreen*, *Ballagiech* (Hill) (*ibid*:123-24, cf. léarscáil a ndáilithe in Albain Theas, *ibid*:126). Feiceann Nicolaisen coibhneas idir scaipeadh na Gaeilge ar fud na hAlban agus logainmneacha Albanacha a bhfuil *Bal* iontu, agus deir sé gur tharla an scaipeadh seo ón 9ú haois i leith (1976:133).¹⁰

(ii) Maidir le teacht na nGallóglach go hÉirinn, deir O’Rahilly gur tháinig siad go Cúige Uladh thart ar lár na 13ú haoise agus go raibh muintir Mac Domhnaill, Mac Suibhne agus Mac Cába lonnaithe sa chúige céad bliain ina dhiaidh sin. Deir sé:

Branches of the Ulster *gallóglach* families gradually moved southwards in the course of time, and by the sixteenth century galloglasses had become an essential branch of the Irish fighting forces in every part of the country (O’Rahilly 1932:161 - 62).

⁹ ‘Is ceist é (*sic*) ... an rud é seo a bhaineas leis an mBéarla féin, rud a tharla i leaganacha gallda na n-ainmneacha amháin, nó an rud é a tharla sa Ghaeilge’ (de hÓir 1968 - 69:82).

¹⁰ ‘... the spreading of Gaelic [in Albain] could be generally identified with the distribution of *Bal-* names ... Names containing *baile* may ... be said to confirm the presence of Gaelic speakers in the *Kill*-areas ... indicative of a ... consolidation ... and to speak of further expansion from the ninth century onwards ... On the whole they are quite clearly not as late as their Irish counterparts would imply, for it has been shown that in Ireland there is no evidence of its use as an element in the formation of place-names before the middle of the twelfth century and that many *baile*-names are fourteenth-century translations of English names in *-tun*’ (*op cit*). Níor frítheadh fianaise i nDamh Liag Íochtarach gur aistríodh an eilimint TON (no VILLA) go BAILE roimh an 19ú haois, ámh. Áitíodh thuas, gur logainmneacha seanbhunaithe Gaelacha atá in *Ballymad* agus *Ballymagarvey* a taifeadadh sa 13ú haois don chéad uair, cf. 7.8 thuas.

Mar sin, thárlódh sé go bhfuil anáil na nAlbanach le brath ar logainmneacha áirithe in Oirthear na hÉireann ón 14ú haois i leith, go mór mór i bhfianaise cogáí na haoise sin.

8.4 An raibh BAL i mbéal na ndaoine roimh a thaifeadta sa 15ú haois? ¹¹

Cé go bhfacthas gur sa 15ú haois a fhaightear BAL i logainmneacha mar atá liostaithe i dTábla 2, caithfidh sé go raibh an eilimint in úsáid ar feadh scaithimh roimhe sin sular scríobhadh go hoifigiúil é, mar leanann an scríobh an chaint.¹² D'fhéadfadh sé gurb é BAL seachas BAILE a bhíodh á rá ag na Gallóglaigh agus ag a sliocht go dtí go ndeachaigh BAL isteach i gcanúint na ndaoine, cé nach raibh an eilimint sin le fáil i scríbhinn go dtí an 15ú haois - is deacair dáta níos cruinne a chur ar BAL ámh, de bharr ghanntanas na bhfoinsí sa 14ú haois. Luaitear cuid de na cúiseanna leis an nganntanas seo thíos:

- (i) Tharla sé gur chuir plá agus gorta le hanró na tíre sa 14ú haois, chomh maith le cogadh, gan trácht ar dhrochaimsir. Bhí

Tedmanna imda ar fod Erenn uli .i. dith daine co
hulimda inti, gort 7 galra imda examla 7 marbtha daine
7 donend dofulacta fos inti. (1315 Ann Conn:240 §19)

sa bhliain 1315. Dhá bhliain ina dhiaidh sin tuaraiscítear go raibh

1317 Gorta romor isin bliadain-sin i nErinn uili
(1317 *ibid*:250 §11).

Agus mar bharr ar an donas, tháinig an phlá dhubh go hÉirinn *circa* 1348 (Mc Cormack 2002:35). Tháinig plá eile sa bhliain 1399:

1399 Domhnall ruadhh. Curnin, adhbhar ollamhan
na Breifne, do ecc don phlaigh (1399 Ann Inis Cé ii:88).

agus tháinig *pestelentia magna* arís sa bhliain 1401 (*ibid*:96).¹³

¹¹ Maidir leis an gceist seo, deir de hÓir: 'cé gur dócha go raibh an t-athrú ó *Bali*- nó a leithéid go dtí *Bal*-tarlaithe tamall sular léiríodh i scríbhinn é, ní móide go dtéann sé siar an-fhada roimhe nó bheadh sé léirithe i gcuid de na foirmeacha' (1968-69:81).

¹² Féach de hÓir 1975:135, a chuireann dáta níos luaithe ar an athrú. Deir sé: 'tuairim is 1400 a tháinig an giorrú isteach. D'fhágfadh sin nach bhféadfadh sé gur tionchar Lochlannach is cúis leis, mar deir daoine uaireanta. Measaim féin gur athrú é a bhain leis an mBéarla (is ionann mórán an ceantar lena mbaineann an cineál seo ainm agus buncheantar na Páile).' Sílim go mb'fhéidir gur bhunaigh de hÓi an dáta 1400 bunaithe ar an bhfoirm *Balgryfn* 1396-97 a d'fhéadfadh a bheith mí-chruinn de bharr í a bheith tras-scríofa go hearráideach ó fhoinse 'mutilated', mar a pléadh i bhfonóta 95 thuas.

¹³ '1401 Pestelentia magna hi Conmhaicnibh Cuili, ocus i Clann Ricaird' (*ibid*:96). Tháinig an plá arís sa 15ú aois dhá bhliain i ndiaidh a chéile sna blianta 1477 agus 1478 (*ibid*:176, 178).

Maidir leis an aimsir, tá trácht ar

Snechta do na frith samail re hed cian in oc anno [1318]
(1318 Ann Conn:252 §11).

Ba dhrochbhlianta ó thaobh na haimsire de na blianta 1328, 1335 agus 1363 freisin.¹⁴ Bhí galar ar bheithígh - ‘bodith mór’ sa bhliain 1321 agus arís in 1324 agus arís eile in 1325 (*ibid*:256 §5, 258 §4, 260 §7).

Thógfadh sé tamall ar an tír teacht chun cinn arís i ndiaidh an méid sin, agus ní bheadh triail cheart ag riaraitheoirí na tíre coinneáil le scríobh na gcáipéisí oifigiúla de bharr an chruatain uile, agus tá tagairtí oifigiúla do logainmneacha Dhamh Liag Íochtarach fíorghann idir c. 1320 agus c1380. Táthar gann arís sa chéad leath den 15ú haois.

De bharr na gcúiseanna uile a luadh thuas, ní hiontas ar bith é nach bhfuil BAL le fáil i gcáipéisí oifigiúla go dtí an 15ú haois, cé go raibh fáil fhairsing ar an eilimint BAL in Albain, a meastar gur díorthaithe ón eilimint BAILE atá sé, agus é mar eilimint i logainmneacha sna 10ú, 11ú agus 12ú haoiseanna in *Strathclyde* agus *Dumfriesshire* agus áiteanna eile (Nicolaisen 1976:135, 137 agus cf. ls 137) agus **8.3** (i) thuas.)

8.5 Is cosúil nár chríochnaigh tionchar na hAlban ar logainmneacha Oirthear na hÉireann leis an eilimint BAL - tá nasc le Glaschú le sonrú sa logainm *Sevitsland* [65] a taifeadadh den chéad uair mar *Sevelsland* sa 17ú haois.

9. Bunús SICILY [17]: ainm pearsanta ón mBreatain Bheag;

Balsaran > ? ón mBreatain SARN

Faightear logainm ar féidir ceangal a dhéanamh idir é agus an Bhreatain Bheag. Is é sin *Cisles/ Sisly/ Sicily* [17] - frítheadh an chéad taifead de sa 17ú haois. Tharlódh gur ón ainm pearsanta *Seisil* atá sé díorthaithe. Déantar tagairt do *Maurice Seisill* in 1302 agus is cosúil gur lonnaithe sa Bhreatain Bheag a bhí muintir *Seisill*, mar a léiríonn an tagairt do sheirbhísí na maor *Walteri Duned et Aidani fiii Seisill* c1175 in *Wallia* i gcáipéis de chuid CGR, chomh luath le c1175. Ardaíodh guta an chéad siolla chun *Sicil*- a thabhairt.

¹⁴ Féach AD 1328 a bhfuil tuairisc ann go raibh toirneach agus tintrí ann, a mhíl na torthaí agus an t-*arbhar* (1328 *ibid*:262 §3). Tá trácht ar shneachta mór a thit san Earrach in 1335 agus a mharaigh formhór na n-éiníní beaga (1335 *ibid* :262 §3). Cailleadh caoirigh na hÉireann ‘acht mad becc’ sa bhliain 1338 (1338 *ibid* :280 §7) agus ba hí 1363 an bhliain a tháinig stoirm mhór - ‘Gaeth mor ... cur bris tempaill 7 tigi 7 cor baid longa 7 artraigi imdai’ (1363 *ibid*:324 §8).

Is deacair eilimintí an logainm *Balsaran* [27] a réiteach. An bhféadfadh sé gurb í an eilimint Breatnaise SARN ‘causeway’ atá mar cháilitheoir an logainm seo?

**10. Logainmneacha Béarla le príomheilimintí éagsúla iontu (seachas TOWN),
ón 13ú haois go dtí an 19ú haois**

Tá thart ar 14 logainm Béarla sa leathbharúntacht a cuireadh ar bhailte fearainn idir an 13ú haois agus an 19ú haois. Is iad sin, *Oldbridge*, *Deenes*, *Sheephouse*, *Roughgrange*, *Shallon*, *Abbeyland*, *Commons*, *Redmountain*, *?Sevetsland*, *Grove Island*, *Yellow Island*, *Priory/ Prioryland*, *Blackditch* agus *Glebe*, féach **Tábla 3** thíos:

Tábla 3

<p align="center">Logainmneacha Béarla Dhamh Liag Íochtarach - príomheilimintí éagsúla (Scríobhtar an fhoirm chomhaimseartha ar dtús agus an chéad fhoirm stairiúil i gcló Iodálach ansin).</p>						
13ú haois	14ú haois	15ú haois	16ú haois	17ú haois	18ú haois	19ú haois
	Oldbridge <i>Oldbrygge</i> 1380 > <i>Veterem Pontem</i> 1306	Deenes <i>Deenes</i> 1463	Roughgrange <i>Roghgraun</i> 1529	Sevetsland <i>Sevelsland</i> 1619		Grove Island <i>Grove's Land</i> 1636
			Sheephouse <i>Shephowse</i> 1540-1541	Redmountain <i>Redmountaine</i> 1627		Prioryland 1830 = <i>Pryory</i> *** 1655-57
			Villata de Shallon 1540-41*	Commons <i>Commons</i> 1654		Yellow Island <i>Yellow Island</i> 1830-40
				Abbeyland <i>Abbeyland</i> 1657		Glebe [Hse] <i>Glebe land</i> ? 1836
				Priory** 1657		
				Blackditch <i>Blackditch</i> 1697		

* *Ballelogh* 1635
** Níor thángthas ar aon taifead ón 18ú haois de *Priory* ná de *Prioryland*

11. Sraith Logainmneacha: logainmneacha Gaeilge a tugadh ainm eile orthu i nGaeilge; logainmneacha a tugadh ainm eile orthu i dteanga eile

Tá seacht nó ocht logainm sa leathbharúntacht anois, a thóg áit logainmneacha a bhíodh ann tráth den saol, mar seo a leanas: *Argetbor/ Damh Liag* [37], *Ros Fionnchuill/ Easgar Brannain/ Ros na Ríogh/ Rosnaree* [84], *Ainghe/ Julianstown* [61], *Ballelogh/ Shallon* [78], *Blaitine/ Platin* [49] agus *Bellus Beccus/ Bey Beg* [5]. Tagraíodh don ainm *Legno* a athraíodh go *Perston laundey* agus go *Piercetown* [89] ina dhiaidh sin, in 8.6 thuas.

12. Anáil sloinnte Normannacha ar Logainmneacha Dhamh Liag Íochtarach agus eilimint logainm a bhfuil a fhréamhacha in ainm áite san Fhrainc

Tharlódh gur tháinig dhá logainm faoi anáil sloinnte Normannach. Is iad sin *Gafney* agus *Platin*. Bunaíodh an dá shloinne ar cheirdeanna Francacha. Bunaíodh cáilitheoir *Gaskinstown* ar an sloinne Béarlaithe *Gaskin* a bhfuil a fhréamhacha i logainm na Fraince - *Gascoigne*.

12.1 GAFNEY [38], [76]

Maireann *Gaffe/ Gaffinel* mar shloinne i Normainn na Fraince inniu agus baineadh leas as an struchtúr coitianta SLOINNE + mír shealbhach + TOWN i sampla stairiúil amháin de *Gafney*, paróiste Dhamh Liag .i. *Gaffneystoun* AD 1323. Bhíodh an sloinne *Gaffe* srl ar dhuine a bheadh ag obair le geaif nó le crúca.

12.2 PLATIN [49]

Tá an dá logainm *Blaitine* agus *Platin* araon ar an mbaile fearainn *Platin* i nDamh Liag Íochtarach, ach is de thraidisiúin éagsúla iad. Tá an eilimint *plat* le fáil i sloinne meatonaimeach le haghaidh *Platner* agus é díorthaithe ón Sean-Fhraincis *platon*, a chiallaíonn clármhíotal, mar a pléadh i gCaibidil 2. Tharlódh gur uaidh sin a tháinig *Platin* i nDamh Liag Íochtarach. Is cosúil gur tháinig an logainm Gaeilge *Blaitine* faoina anáil.

12.3 GASKINSTOWN [40]

Thosaigh go leor anonn is anall idir *Gascoigne* na Fraince agus Contae na Mí sa 13ú haois, mar ar pléadh i gCaibidil 1, 4.5. Baineadh leas as foirmeacha éagsúla *Gascoigne* mar shloinne in áiteanna éagsúla in Éirinn agus athraíodh go *Gaskin* é le himeacht aimsire. Is é *Hamund Gascoyng* bhí i gContae na Mí ag deireadh na 13ú haoise. Cé nach

léir cén áit go baileach sa Chontae a raibh seisean ann, caithfidh sé gur lonnaigh Gascúnaigh i nDamh Liag Íochtarach mar go bhfuil a sloinne le sonrú ar an logainm *Gaskinstown*.

13. Logainmneacha a bhfuil eilimint Ghaeilge agus eilimint Ghallda iontu

Chonacthas gur cuireadh sloinnte gallda leis an eilimint RÁTH i gcás na logainmneacha *Cruicerath* [18] agus *Tuiterath* [71] agus ?*Balrath* [90] (cf. 2.2 thuas). Cuireadh an eilimint Bhéarla TOWN le heilimintí Gaeilge sna logainmneacha *Betaghstown* [4], *Gaulstown* [41], *Kellystown* [43], *Curraghtown* [67] agus *Calliaghtown* [74]. Nascadh an eilimint Bhéarla LAND leis an logainm *Selvieland/ Sevitsland* [65]. Faightear *Knockisland* [44] agus *Rahill* [51] sa 16ú haois freisin - léiríodh nach iad na heilimintí ISLAND ná HILL atá mar cháilitheoirí iontusan.

Focal scoir

Is léir go bhfuil grúpaí éagsúla logainmneacha i nDamh Liag Íochtarach, a bhfuil pátrúin so-aitheanta iontu. Breathnófar ar phátrúin na struchtúr éagsúla a fhaightear sna logainmneacha i gCaibidil 4.

Caibidil 4

Struchtúr Logainmneacha Dhamh Liag Íochtarach

Is ainmneacha Gaeilge agus Béarla atá i mbunáite logainmneacha pharóistí agus bhailte fearainn Dhamh Liag Íochtarach. Meashtar eilimintí ón dá theanga sin i logainmneacha áirithe freisin. Is faoi struchtúr an Bhéarla a bhíonn cuid de na logainmneacha meascáithe sin, agus bíonn cuid eile díobh faoi struchtúr na Gaeilge. Tá tionchar na Normannach le sonrú ar dhornán logainmneacha agus faightear ainm Breatnach mar eilimint i logainm amháin.

I. Na Logainmneacha Gaeilge

1. Logainmneacha bunaithe ar ainmfhocal amháin, nó ar ainmfhocal móide iarmhír

<i>Blaitine</i>	[<i>Platin</i> níos deireanaí] Ní thuigtear brí Bhlaitine níos mó.
<i>Colp</i>	< COLPHTA → ainm pearsanta ón miotaseolaíocht
<i>Drumman</i>	< DRUIM(M) + -ÁN ‘a little ridge’ + tabh → Dromainn
<i>Cullen</i>	< CUILLEANN ‘a steep slope’ → Cuilleann
<i>Lougher</i>	< LUACHAIR ‘a rushy place’/ ‘marsh’ → Luachair

Tharlódh go bhfuil an iarmhír -ÓG le sonrú sna logainmneacha:

<i>Sneeogue</i>	< SNIGE + ÓG ‘a small stream’ → snigheog → Snigheog
<i>Rathdrinagh (Radrenogh[e])</i>	< RÁTH + DRAIGHEAN + -ÓG ‘Rath of the small blackthorns’ → *Ráth Draighneog’

Tugtar léarléamh eile air seo, cf. vi thíos.

Tharlódh go bhfuil an iarmhír -ACH nó -AIGH [= -ACH + tabh.] le sonrú sna logainmneacha

<i>Crufty</i>	< CROCHTA + -AIGH [= -ACH + tabh.] ‘an airy/ elevated place’ → *Crochtaigh (cf. vii thíos freisin).
<i>Gafney</i>	< ? GAFANN + -AIGH ‘a place where henbane grows’ → *Gafannaigh Tugtar léarléamh eile ar <i>Gafney</i> in 4. thíos.
<i>Kiltrough</i>	< CEALTAIR + -ACH [‘covering’ + iarmhír leis an mbrí ‘place’ = ‘an unconsecrated place abounding in graves’] → *Cealtrach

Tharlódh gurb í an mhalairt iarmhír -TRACH atá le sonrú sa logainm

Kiltrough > CEALL + -TRACH [‘grave place’] → *Cealltrach

Tá an iarmhír -LACH [‘a place’] le léamh sa logainm

Garballagh < *Carblagh* < CEARBA + -LACH ‘The cut or cleared place’

→ *Cearbalach

2. Logainmneacha Gaeilge dhá eiliminte nó trí eiliminte:

(i) Comhfhocail:

Longford < LONG + PORT [‘ship’ + ‘port’ = ‘Encampment’] → *Longphort

Reask < *róe* (*ré, rae*) + *esc* [‘a level piece of ground’ + ‘a quagmire’ = ‘a marsh’]

→ *Riasc

(ii) Ainmfhocail (ainm) + Comhfhocail (gin)

Knockcommon < CNOC + CAMABHAINN [‘hill’ + ‘crooked river’ + gin = ‘Hill of the Crooked River’] → *Cnoc Camabhann

(iii) Ainmfhocail (ainm) + Ainmfhocail (gin) [+ Ainmfhocail (gin)]:

Clonlusk < CLUAIN + LUSCA [+ gin uatha] ‘Meadow of the Cave’
→ *Cluain Lusca

Donore < DÚN + UABHAR [+ gin uatha] ‘Fort of Pride’
→ *Dún Uabhair

Duleek < DAMH + LIA [+ gin uatha] ‘Church of Stone’
→ *Damh Liag

Rathmullan < RÁTH + MAOLÁN [+ gin uatha] ‘Ráth of the Rounded Hill’
→ *Ráth Maoláin

Annagor < EANACH + CORR [+ gin iol] ‘Marsh of the Herons’
→ *Eanach gCorr

Bhíodh *Knockeryke* ar *Knockharley*.

Knokeryke < CNOC + EARC [ainm. + gin uatha] ‘Hill of the Magical/ Mythological Cow’ → *Cnoc Eirce

nó: *Knokeryke* < CNOC + EIRCE + -IGH ‘Hill of the Lizards’ → *Cnoc Eircigh

nó: *Knokeryke* < CNOC + ÉIRIC + gin ‘hill of retribution’ → *Cnoc Éirice

Balsaran < BALL + FEARN + gin uatha ‘Place’ of [the] Alder tree’
→ *Ball Fearna

nó: *Balsaran* < BÉAL + ÁTH + FEARNA ‘Mouth of the Alder Wood Ford’
→ *Béal Átha Fearna

Tugtar léirléamha eile ar *Balsaran* freisin; féach (v) agus III (vi) thíos.

(iv) Ainmfhocal (ainm.) + Ainm Pearsanta (gin):

CILL/ DOMHNACH/ TEACH + Ainm Naoimh

Donacarney < DOMHNACH + CAIRNEACH → *Domhnach Cairnigh

Kilsharvan < CILL + CEARBÁN → *Cill Chearbáin

Kilkeran < CILL + CIARÁN → *Cill Chiaráin

Ní mhaireann an logainm *Cill Chiaráin i nDamh Liag Íochtarach.

Stagreenan < TEACH + DRAIGNEN → *Teach Dhraighneáin

Stameen < TEACH + MID[H]NÁ[N] [+ cáilliúint -a#, nó cáilliúint -án]
< Teach Midhn

Staleen < TEACH + LITHGEAN → *Teach Lithghin (deirtear ‘Lín’ anois)

(v) BAILE:

(a) BAILE [+ Mac/ Mac Giolla] + Ainm pearsanta (gin)

Ballymagarvey < BAILE + MAC GAIRBHÍ → *Baile Mhac Ghairbhí [ainm. + gin iol]

Ballymad < BAILE + MADA → *Baile Mada [ainm. + gin uatha]

Balsaran < BAILE + SÁRNAT → *Baile Sárnaid [ainm. + gin uatha]

Tugadh léirléamha eile ar *Balsaran* in (iii) thuas. Féach III (vi) thíos freisin.

Balymacgilkeran < BAILE + MAC GIOLLA + CIARÁN [ainm. + gin iol + gin]
→ *Baile Mhac Giolla Chiaráin

Tá dhá eilimint sa bhreis san ainm pearsanta seo. Ní mhaireann an logainm seo.

(b) Ainmfhocal + BAILE [Comhfhocal] + s sealbhach an Bhéarla

Corballis < CORR + BAILE + s ‘The townland of the protruding hill’
→ *An Corrbhaile

Tá gá leis an alt sa Ghaeilge chomhaimseartha.

(vi) CNOC/ RÁTH + Ainm pearsanta (gin)

Knockisland < CNOC + IOLLANN [> Iolann, mac le Dúnlaing, rí Laighean sa 5ú haois]

→ *Cnoc Iollainn.

Rahill < RÁTH + AILILLA nó OILILLA

[> mac Dhúnlaing agus rí Laighean i ndiaidh a athar]

→ *Ráth hAilill nó *Ráth hOilill.

(vii) Ainmfhocal + Aidiacht

Mullaghfin < MULLACH + FIONN ‘fair summit’ → *Mullach Finn

?*Knockcrufty* (?2) < CNOC + CROCHTA ‘Airy Hill’ → *Cnoc Crochta, cf. 1. thuas.

(viii) Ainmfhocal + mír dhíspeagthach + Aidiacht

Bultynbeg < BUAILE + ÍN + BEAG + t ionsáiteach

‘little milking place in Summer’ → *Buaitín Beag.

Ní mhaireann an logainm seo.

(ix) Aidiacht + Ainmfhocal

Fennor < FIONN + BRÍ ‘white hill’ → *Fionnabhair

(x) An t-Alt:

(a) An t-Alt + Ainmfhocal

Ninch > AN + INSE ‘The water meadow by a river which floods’ → *An Inse.

(b) Ainmfhocal + An t-Alt (gin) + Ainmfhocal (gin)

Rosnaree > ROS + NA + RÍ + [ainm. + gin iol + gin iol] ‘Wooded promontory of the Kings’ → *Ros na Ríogh

Lagavoureen > LOG + AN + MÚIRÍN [ainm. + alt + gin] ‘Hollow of Mire’

→ *Log an Mhúirín

II. Na Logainmneacha Béarla:

(i) Cheithre logainmn Béarla aon-eiliminte; péire díobh le *s* sealbhach nó le *s* iolra an Bhéarla (a bhfuil ceann díobh sin fréamhaithe sa tSean-Fhraincis) agus logainm ón Sean-Bhéarla a thóg áit logainm Gaeilge

Glebe ‘House and land for ecclesiastical person of Anglican persuasion’

Deenes > DEN [sloinne Sasanach > *denu* ‘valley’] + *s* sealbhach an Bhéarla

Commons > COMMON > + *s* iolra an Bhéarla [> *commune* (Sean-Fhraincis),
> *communis* (Laidin), ‘shared grazing land’]

Shallon > *SC(E)ALU/ scealwn OE ‘shallow’ [= ‘a watery place but shallow’]

Ba é **Baile an Locha* ainm na háite sular tugadh *Shallon* air.

(ii) SLOINNE + S + TOWN [Pléitear na sloinne thíos i gCaibidil 2.]

Burtonstown, Painestown X 2, Danestown, Carranstown, Downestown, Gaskinstown, Gillinstown, Kellystown, Thomastown, Johnstown, Julianstown, Rogerstown, Smithstown, Flemingstown, Kentstown, Veldonstown, Dollardstown, Seneschalstown, Thurstianstown, Bryanstown, Kentstown, Piercetown

Caulstown < CALLE + *s* + TOWN [VILLA CATHAL ar dtús].

Bettystown < BETTY (leagan truaillithe de ‘Biataigh’) + S + TOWN

Is trí Shean-Bhéarla *Midnitθ* (ón ainm *Midnight* sa Ghearmáinis) a thagann cáilitheoir *Ministown*.

(iii) AINM/ SLOINNE + TOWN ar mhúnla an Bhéarla, gan *s* sealbhach

Gilltown > Gill + TOWN

(iv) Ainmfhocal Béarla + Ainmfhocal Béarla [+ *s* sealbhach an Bhéarla]

Prioryland > PRIORY + LAND

Sheephouse > SHEEP + HOUSE

Grove Island > GROVE + ISLAND

Saint Mary’s > SAINT + MARY + *s* sealbhach an Bhéarla

(v) ?Sloinne Béarla [+ *s*] + LAND

Abbeyland > ?Abbey + LAND

Sevitsland > ? + LAND féach III (i) thíos.

(vi) Ainmfhocal Béarla + TOWN

Laytown > LĀD-TŪN, ‘stream’ + TOWN

Pilltown > PUL ‘pool’ + TOWN

(vii) Aidiacht + Ainmfhocal [TOWN]

Tá trí *Newtown* sa leathbharúntacht.

(vii) Aidiacht + Ainmfhocal

Oldbridge, Yellow Island, Blackditch, Redmountain, Roughgrange.

III. Logainmneacha Meascaithe: Eilimint Ghaeilge + Eilimint ó theanga eile

(i) eilimint Ghaeilge [+ S] + eilimint Bhéarla [TOWN/ LAND]

faoi struchtúr an Bhéarla

Curraghtown < CURRACH [‘a marshy place’] + TOWN

Calliaghstown < CAILLEACH [‘nun’] + S + TOWN

Gaulstown < GALL [> ‘Viking/ foreigner’] + S + TOWN

Betaghstown < BIATACH [sloinne, ‘victualler’] + S + TOWN

Kellystown < CEALLAIGH [sloinne] + S + TOWN

Sevitsland < *Selvieland* < SEALBHACH [sloinne] + S + LAND

(ii) Sloinnite Francacha: RÁTH + Sloinne Francach faoi struchtúr na Gaeilge

?*Rathdrinagh* > RÁTH + REYNAUD, cf. léirléamh eile in 1 thuas.

(iii) Sloinnite Francacha + RÁTH faoi struchtúr an Bhéarla

Tuiterath > TUIITE + RÁTH

Is é *Ballygregan* nó *Ballyregan* a bhíodh ar an áit sular tugadh *Tuiterath* air.

Cruicerath > CRUICE + RÁTH

Balrath > BALL[E] + RÁTH

(iv) Logainm traglálite: Eilimint chlaochluithe ón bhFraincis + eilimint Bhéarla

Mornington > MARNIER + TON

(v) Logainm traglálite: Eilimint ón bhFrainc + aidiacht Ghaeilge

Beybeg (< *Beaubec*/ **Bellus Beccus*) > Bey + BEAG < foghar aistriú ar *Beaubec*.

Bey + MÓR, mar chodarsnacht ar *Beybeg*.

(vi) ?Logainm le Dhá eilimint Ghaeilge + ? Eilimint Bhreatnaise

Balsaran > BÉAL + SARN → ?*Béal Sarn

> BÉAL + ÁTHA + SARN → ?*Béal Átha Sarn

Tugtar léarléamha eile air seo, féach **2. (iii)** agus **2. (v)**.

4. Sloinne Francach + -y#

Gafney > Gaffeny [> Gaffe/ Gaffinel] + -y# (Faightear an iarmhír -y# i dtacar logainmneacha de chuid na Fraince.)

5. Ainm Pearsanta de chuid na Breataine Bige + -AIGH

Sicily > SEISIL nó CECIL + claontuiseal de -ACH ‘Cecil’s place’
→ *Seisiligh nó*Baile Seisil

6. Nósanna Comhaimseartha

Tá sé de nós ag daoine áitiúla leas a bhaint as an alt sna logainmneacha a leanas:

Ninch < /, ðe'nintʒ / ‘The Ninch’

Deenes < /, ðə'di:nz / ‘The Deenes’

Red Mountain < /, ðə 'rɛd 'məunt ,ən/ ‘The Red Mountain’

Flemingstown atá marcáilte ar léarscáileanna na SO, ach deirtear *Flemington* go háitiúil.

Achoimre ar Bhunús na Logainmneacha i bhfoirm Liosta

Logainmneacha Gaeilge

[Cuirtear ** ar logainmneacha a bhfuil malairt leaganacha díobh curtha ar fáil thíos.]

**Ball Fearna	<i>Balsaran</i>
**Béal Átha Fearna	<i>Balsaran</i>
*Baile an Locha	[<i>Ballogh al' Ballelogh</i> , cf <i>Shallon</i>]
*Baile Mhac Gairbhí	<i>Ballymagarvey</i>
*Baile Mhac Giolla Chiaráin	<i>Balymacgilkeran</i> cf. <i>Beybeg</i>
*Baile Mada	<i>Ballimad</i>
**Baile Sárnaid	<i>Balsaran</i>
Blaitine	<i>Platin</i> níos deireanaí
*Buailtín Beag	<i>Bultynbeg</i> cf. <i>Beybeg</i>
*Ceal[l]trach	<i>Kiltrough</i>
*Cearbalach	<i>Garballagh</i>
*Cill Chearbáin	<i>Kilsharvan</i>
*Cill Chiaráin	<i>Kilkeran</i> cf. <i>Beybeg</i>
*Cluain Lusca	<i>Clonlusk</i>
*Cnoc Camabhann	<i>Knockcommon</i>
**Cnoc Crochta	<i>Crofty/ ?Knockcrofty</i>
**Cnoc Eirce/ *Cnoc Eircigh	<i>Knockerike/ Knockharley</i>
**Cnoc Éirice	<i>Knockerike/ Knockharley</i>
*Cnoc Iollainn	<i>Knockisland</i>
*Colptha	<i>Colp</i>
*An Corbhaile	<i>Corballlis</i>
**Crochtaigh	<i>Crufty/ ?Knockcrofty</i>
*Cuilleann	<i>Cullen</i>
*Damh Liag	<i>Duleek</i>
*Domhnach Cairnigh	<i>Donacarney</i>
*Dromainnn	<i>Dromann</i>
*Dún Uabhair	<i>Donore</i>
*Eanach gCorr	<i>Annagor</i>
*Fionnabhair	<i>Fennor</i>

**Gafannaigh	<i>Gafney</i>
*An Inse	<i>Ninch</i>
*Log an Mhúirín	<i>Lagavoureen</i>
*Longphort/ *Longfort	<i>Longford</i>
*Luachair	<i>Lougher</i>
*Mullach Finn	<i>Mullaghfin</i>
*Ráth Draighneog	<i>Rathdrinagh</i>
*Ráth hAilill / hOilill	<i>Rahill</i>
*Ráth Maoláin	<i>Rathmullan</i>
*An Riasc	<i>Reask</i>
*Ros na Rí	<i>Rosnaree</i>
*Snigheog/*Sníeog	<i>Sneeoge</i>
*Teach Dhraighneáin	<i>Stagreenan</i>
*Teach Lithghin → *Teach Lín	<i>Staleen</i>
*Teach Midhna → *Teach Midhn	<i>Stameen</i>

Eilimint Ghaeilge [+ S] + TOWN/ LAND/ **MEDE faoi Struchtúr an Bhéarla

<i>Bryanstown</i>	> BRIAIN + S + TOWN
<i>Betaghstown/ Bettystown</i>	> BIATACH + S + TOWN
<i>Calliaghstown</i>	> CAILLEACH + S + TOWN
<i>Carranstown</i> > <i>Kerranstown</i>	> Ó CEARRÁIN + S + TOWN
<i>Caulstown</i>	> CATHAL/ CALLE/ CAUL + S + TOWN
<i>Curraghtown</i>	> CURRACH + TOWN
<i>Downstown</i>	> DOWN > Ó DUBHÁIN + S + TOWN
<i>Gaulstown</i>	> GALL + S + TOWN
<i>Kellystown</i>	> KELLY > CEALLAIGH + S + TOWN
<i>Pilltown</i>	> POILL + TOWN
** <i>Sevitsland</i> < <i>Selvieland</i>	> SEALBHACH + S + LAND
** <i>Garuaghmede</i>	> GARBHACH + MEDE, féach <i>Roughgrange</i>

Eilimint[í] Gaeilge + Eilimint Bhreatnaise

<i>Balsarn</i> **Béal Sarn	> BÉAL + SARN nó
<i>Balsarn</i> **Béal Átha Sarn	> BÉAL ÁTH + SARN nó
<i>Balsarn</i> **Baile Sarn	> BAILE + SARN

Eilimint Bhéarla nó Eilimint Fhraincis + eilimint Ghaeilge

<i>Balrath</i>	> BALL[E] + RÁTH
<i>Beybeg</i>	> BEAUBEC + BEAG
<i>Beymore</i>	> BEAUBEC + MÓR
<i>Cruicerath</i>	> CRUICE + RÁTH
<i>Tuiterath</i>	> TUIITE + RÁTH [<i>Ballygregan</i> roimh <i>Tuiterath</i>]

Na Logainmneacha gallda ón mBéarla

<i>Abbeyland</i>	<i>Newtown X 3</i>
<i>Blackditch</i>	<i>Oldbridge</i>
<i>Burtonstown</i>	<i>Painestown X 2</i>
<i>Commons</i>	<i>Piercetown</i>
<i>Danestown</i> [tríd an bhFraincis]	<i>Prioryland</i>
<i>Deenes</i>	<i>Redmountain</i>
<i>Dollardstown</i>	<i>Rogerstown</i>
<i>Flemingstown</i>	** <i>Roughgrange</i> [? <i>Garuaghmede</i> níos luaithe]
<i>Gillinstown</i>	<i>Seneschalstown</i>
<i>Gilltown</i>	** <i>Sevitsland</i>
<i>Glebe</i>	** <i>Shallon</i> , [** <i>Baile an Locha</i> níos luaithe]
<i>Grove Island</i>	<i>Sheephouse</i>
<i>Johnstown</i>	<i>Smithstown</i>
<i>Julianstown</i> [An Aighne go stairiúil]	<i>Thomastown</i>
<i>Kentstown.</i>	<i>Thurstianstown</i>
<i>Laytown</i>	<i>Veldonstown</i>
<i>Ministown</i>	<i>Yellow Island</i>
<i>Mornington</i>	<i>Gaskinstown</i> [tríd an bhFraincis]

Logainmn a bhfuil tionchar na Fraincise air

***Gafney*

Logainmn bunaithe ar shloinne de bhunú na Breataine Bige

Sicily

Conclúid

Is logainmneacha Gaeilge agus Béarla atá i mbunáite logainmneacha bhailte fearainn Dhamh Liag Íochtarach agus faightear logainmneacha a bhfuil eilimintí ón dá theanga sin iontu freisin. Tagraíonn na logainmneacha Gaeilge is sine do ghnéithe aiceanta na leathbharúntachta: *Luachair, *Cuilleann, *Dromainn, *Riasc, *Cnoc Camabhann, *Cnoc Eirce/ Eircigh/ Éirice. Tá struchtúr na Sean-Ghaeilge ar *Eanach gCorr, agus b'fhéidir gur roadh mar sin é, mar nár fhorbair an Ghaeilge i nDamh Liag Íochtarach de bharr an choilínithe. Iarmhír a tháinig isteach sa Ghaeilge ón mBreataine i bhfad siar atá ag deireadh *Snígeog. Nílím sásta go bhfuil *Crufty*/ *Crochtaigh, *Knock Crufty*/ *Cnoc Crochta, réitithe go fóill.

Faightear ainm Iollainn (rí Laigheaneach sa 5ú haois) in *Cnoc Iollainn, agus chonacthas ceangail sna n-Annála idir Iollann agus a mhac Ailill sna logainmneacha *Cnoc Iolainn, *Luachair, *Fionnabhair agus *Ráth hAilill, ceithre bhaile fearainn atá i bhfoisceacht 5 mhíle dá chéile. Is é Colptha mac Míle Easpáine is bunús le *Colptha.¹

D'eascair seacht logainm Gaeilge as an Luath-Chríostaíocht agus as an gCríostaíocht sa dara mílaois, agus tharlódh go bhfuil tionchar na Lochlannach le brath ar dhá logainm eile. Níl ach trí logainm i measc na 39 logainm Gaeilge a scrúdaíodh a bhfuil an t-alt mar chuid díobh .i. Ros na Rí, *Log an Mhúirín agus An Inse, ach baintear leas an an alt Béarla go canúnach i gcás '*The Ninch*', '*The Deenes*' agus '*The Redmountain*' i láthair na huaire.

Tá an eilimint RÁTH ag tabhairt lón intinne do scoláirí le fada an lá, agus tháinig dhá phársa eolais nua chun solais le linn an taighde. *Ráth Choill atá mar ainm neamhdheimhnithe Gaeilge ar pharóiste *Rahill* i gContae Cheatharlach de réir *logainm.ie*. Tharlódh gur ag brath ar an bhfoirm *Rathcoyle* (Papal Tax 1302-6, *ibid*) atá an réiteach sin - is léir go raibh an #c- fós i gcáilitheoir an logainm sin sa 14ú haois, ach ní raibh teacht ar aon fhoirm stairiúil cosúil le *Rathcoyle* do *Rahill*, paróiste Dhamh Liag. Mar sin bhreathnaíos ar logainmneacha eile na tíre chun an tionchar a bhí ag an eilimint RÁTH ar a cuid cáilitheoirí sa 14ú haois a mheas, mar a fhaightear sna cáipéisí gallda iad. Tháinig mé ar an tuairim gur ceart an eilimint RÁTH a mheas de réir na haoise ina bhfaightear é.

¹ Ach féach Ó Mainín a rinne staidéar ar *Mag Macha na hE(a)mna*, *Ard Macha*, *Machaire Arda Mhacha* srl. Áitíonn sé gur do ghné tíre - machaire nó má, 'plain' - a thagair *Macha* go bunúsach agus go ndearnadh 'daonnú' ar an logainm sa Dinnsheanchas (2010:111 - 129).

Tháinig pointe eile spéisiúil chun solais maidir le RÁTH. Is é sin go mbaineadh sliocht na gcoilíneach, a raibh sloinnte Normannacha orthu, leas as RÁTH sa 15ú agus sa 16ú haois chun áiteanna a ainmniú, ach an eilimint a nascadh lena sloinnte féin faoi struchtúr an Bhéarla, mar atá in *Tuiterath*, *Cruicerath* agus *Balrath*. Rinne na Normannaigh rud cosúil sa Bhreatain Bheag leis an eilimint EWIAS agus tá dhá shampla de EWIAS nasctha le hainmneacha Normannach, ar marthain thall. Ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfoirm Baile na Rátha (*logainm.ie*) atá deimhnithe mar leagan Gaeilge ar *Balrath* (agus ar na samplaí eile de *Balrath* atá sa Ghalltacht) i bhfianaise an taighde a rinneadh ar an logainmn sin i nDamh Liag Íochtarach.

Chuir BAL ar chamchuart ar fud na leabharlainne mé ag iarraidh meabhair a bhaint as - thugas go leor ‘leaganacha Gaeilge’ roghnacha ar *Balsaran* dá bharr: *Béal Átha Fearna, *Ball Fearna, *Baile Sárnaid, *Béal Sarn, *Béal Átha Sarn agus Baile Sarn. Réitíonn an timpeallacht le ceachtar den dá logainm a bhfuil FEARN iontu, agus tá SARN na Breatnaise feiliúnach don logainm freisin. Ar an taobh eile, réitíonn an struchtúr atá in *Baile Mada agus *Baile Mac Gairbhí leis an struchtúr *Baile Sárnaid. Is léir uaidh seo go mbíonn go leor éiginnteacht agus tuairimíocht i gceist le réiteach logainmneacha in amanna, mar nach mbíonn an fhianaise a bhíonn ar fáil sách cuimsitheach i gcásanna áirithe.

Tharla gur chreid muintir na háite gur *Laogh Dún a bhí mar bhunús le *Laytown*, ach taispeánadh sa tráchtas gur logainm Béarla atá ansin.

Tá *Baile mac Gairbhí agus *Baile Mada le fáil taobh le logainmneacha a bhfuil VILLA nó TOWN iontu agus tá an tuairim ann gur aistríodh VILLA nó TOWN go BAILE. Taispeánadh sa tráchtas, ámh, nár tharla sé sin i gcás *Ballymagarvey* agus *Ballymad* a mhaireann i gcónaí, ná i gcás *Baile Mhac Giolla Chiaráin a ligeadh i léig. Taispeánadh freisin go raibh difear mór idir cáilitheoirí BAILE sa leathbharúntacht (.i. MAC GAIRBHÍ, MADA, MACGIOLLA CHIARÁIN) agus cáilitheoirí VILLA/TOWN. Is féidir tátal a bhaint as an bhfianaise seo go raibh BAILE bisiúil mar eilimint i logainmneacha Dhamh Liag Íochtarach sular tháinig na Normannaigh.

Ní féidir brath ar fhoirm scríofa logainm chun a bhrí a scaoileadh gan obair pháirce a dhéanamh uaireanta, mar caithfear an bhéim in urlabhraíocht na ndaoine a chloisteáil - *Coill Droch atá mar ainm neamhdheimhnithe *Kiltrough* ar *logainm.ie*, ach sílim gurb é *Ceal[l]trach an logainm ceart, mar is ar an gcéad siolla a leagtar an bhéim ar *Kiltrough* sa chaint.

Ní miste a chur san áireamh nach féidir leis an Laidin, ná leis an mBéarla, idirdhealú a dhéanamh idir consain chaola agus consain leathana na Gaeilge. Tá sé nach mór cinnte gurb é *Cearba- atá in *Carblagh*, céad-eilimint stairiúil de *Garballagh* (a bhfuil urú na Gaeilge le sonrú air); tugtar cúpla léirléamh ar shiolla deireanach an logainm sin sa tráchtas.

Bhain na coilínigh leas as na logainmneacha Gaeilge a chualadar, agus thugadar logainmneacha dá gcuid féin leo freisin. Is tríd an tSean-Bhéarla nó tríd an bhFraincis a tháinig dornán díobhsan. Is bisiúil an eilimint í TOWN i logainmneacha Dhamh Liag Íochtarach - de réir a chéile leathnaigh a húsáid sa leathbharúntacht - tá sí le fáil in 45 logainm agus tá sloinnte Gaelacha nó eilimint Ghaeilge curtha le TOWN in 10 gcinn díobh sin. Cuireadh mír shealbhach an Bhéarla idir sloinne agus TOWN go hiondúil.

Tá dornán logainmneacha ann a d'fhéadfadh eilimint díobh a bheith Gaelach nó gallda; is deacair cinneadh dearfach a dhéanamh fúthusan, ceal fianaise chríochnúil agus tugadh an dá léirléamh orthusan sa tráchtas, cf. *Shallon* [78] agus *Rathdrinagh* [83].

Tugadh dhá léirléamh ar *Gafney* freisin. Arbh é an planda *Gafann* + ACH (sílím nach dtacaíonn an fhoghraíocht a mheastar a bheith ar an nGaeilge leis an léirléamh seo), nó arbh é an sloinne Francach féin *Gaffe/ Gaffinel* atá ann, le hiarmhír logainmníochta mar atá in *Cigony*, *Regny*, *Ropeley*, *Saint Valery*, *Sumery*, *Tracscy* agus *Verly* a bhfuil fáil orthu i gcáipéisí a scríobhadh sa 13ú haois in Éirinn? Is logainmneacha iad sin a fhaightear san Fhrainc i gcónaí.

Mar chríoch, cé go bhfuil Damhliag deimhnithe mar logainm, scar mé an dá eilimint óna chéile, mar is léir ó thuiseal ginideach an cháilitheora nach comhfhocail atá sa logainm seo. Dá mba ea is *Damhlia a chleachtfaí mar logainm ar an áit. Dá bhrí sin, is cóir dhá fhocal a dhéanamh de, mar atá in AI, FO, Ann Tig agus tríd an téacs Laidine san eagrán de AU a rinne Mac Airt agus Mac Niocail (1983).

Is saibhir an gort é Damh Liag Íochtarach don taighdeoir logainmneacha. Tá scéal na réamhstaire, scéal na nGael agus scéal na nGall le brath ar na sraitheanna logainmneacha a cumadh do bhailte fearainn na leathbharúntachta thar na céadta bliain.

Foinsí a ceadaíodh

(i) Léarscáileanna (ii) Leabhair agus Ailt (iii) Suíomhanna Idirlín

(i) Léarscáileanna

- Beaufort, Daniel Augustus L.L.D. 1797. *The Diocese of Ireland comprising Meath, Westmeath & a great part of the King's County &c, divided into Baronies and Parishes, with their Towns, Villages Churches & Gentlemen's seats to which is added a Sketch of the principal roads through them & the adjacent Counties* [= Is Beaufort] in Horner 2007.
- Clarke, Thomas. ?1655-57. *Duleek & Abbey Parrishes, An Exact Copy by Daniel O'Brien Surveyor, Micreascannán P7382A*. Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Baile Átha Cliath.
- Petty, William. [Down Survey]. 1655-57. *The Barony of Duleek, Micreascannán P7382A*. Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Baile Átha Cliath.
- Farrand, William. 1655-57. *The Parrishes of Killcarvan Colpe & Julianstown, An Exact Copy by Daniel O' Brien Surveyor, Micreascannán P7382A*. Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Baile Átha Cliath.
- Jefferys, Thomas. [c1759]. *A New and accurate map of the Kingdom of Ireland divided into Provinces, Counties and Baronies, with all the Cities, Boroughs, Post-Towns, Barracks and Principal Villages, also the Great, the Branch and the By-Post Roads*. Athchlóite in Swift, Michael. 1999. *Historical Maps of Ireland*. Parkgate Books. London.
- Johnston, Duncan A. 1901 [James, Colonel H. 1836 (surveyed), 1899 (revised).] *Sheets 91, 92, Meath, 1:163300* [1 inch to a statute mile], Ordnance Survey of Ireland. Dublin.
- Larcom, R.E. 1836, 1837. *6-inch Maps of Meath, Sheets 20, 21, 26, 27, 28*. Ordnance Survey Office, Phoenix Park, Dublin.
- Larkin, William. 1812. *A Map of the County of Meath in the Province of Leinster in Ireland*, athchlóite in Horner. 2007.
- Léarscálaíocht Éireann, Survey of Ireland (Ordnance Survey). 1955. *Drogheda. Sheet 13, ½ inch to a mile, (1/ 12570)*.
- Ordnance Survey Ireland. 1901. *Bailte Fearainn Dhamhliag Íochtarach* [Tulamaisiú as *Index to Townlands*.] Dublin.
- OSi Ordnance Survey Ireland. 2010. *Sheet 43, 4th Edition 1:50 000, Covering part of county Dublin, Baile Átha Cliath, Meath An Mhí, Louth Lú*. Baile Átha Cliath, Dublin.
- Suirbhéireacht Ordonais. 1974. *OSi Sheet 13, Meath 1:126,720 [½ inch to a mile] reduced from the One Inch Map*. Dublin.
- Petty, William. 1655-57. *County Meath, Baronies with boundaries of the year 1655-1657* athchlóite in *The Civil Survey, County Meath 1654-1656*. Simington, Robert C. (ed) 1940. Stationery Office for the Irish Manuscripts Commission. Dublin.

- Speed, John. 1610-27. *The Countie of Leinster with the Citie of Dublin 1610-27*. Russell Library, NUIM. Má Nuad.
- Taylor, J. 1802. *County of Meath* Donnybrook near Dublin [athchlóite in Horner:2007]
- Taylor, George. Skinner, Andrew. 1778, 1783. *Maps of the Roads of Ireland surveyed in 1773 and Corrected down to 1783*. (i) *Road from Dublin* (ii) *To Donaghadee*. (iii) *Drogheda by Naul & by Duleek* (ii) *From Dublin to Drogheda by Naul*. Facsimile reprint 1969: 2, 3, 41, 42. London and Dublin. The Second Edition. Longman, Pater Noster Row, London. Wilson & W. Allen No 88 Dame Street, Dublin. MDCCLXXXIII. Irish University Press, Shannon Ireland.
- Wilson, Edward. *The Parrishes of Knockhammon Painestown Kentowne and Brownestowne and Fenor, Micreascannán P7382A*. Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Baile Átha Cliath.

(ii) Foinsí a ceadaíodh ar lean: Leabhair agus Ailt

- Adams, G. Brendan. 1964. 'The Last Language Census in Northern Ireland' *Ulster Dialects*. *Ulster Folk Museum*. Cultra Manor, Holywood, Co. Down.
1973. 'Language in Ulster 1820-1850', *Ulster Folklife* 19, 50-5.
1974. 'The 1851 Language Census in Northern Ireland', *Ulster Folklife* 20, 65-70.
1975. 'Language Census Problems, 1851-1911', *Ulster Folklife* 21, 68-72.
1976. 'Aspects of Monoglottism in Ulster', *Ulster Folklife* 22, 76-87.
1979. 'The Validity of Language census figures in Ulster' *Ulster Folklife*, 25, 113-22.
- AGBP: *Ainmneacha Gaeilge na mBaile Poist*. 1969. Oifig an tSoláthar. Baile Átha Cliath.
- Ag na S i - iii: *Agallamh na Seanórach* i, ii (1942), iii (1945). Ní Shéaghdha, Nessa (eag). 1942, 1945. Oifig an tSoláthair. Baile Átha Cliath.
- AI: *The Annals of Inisfallen (Ms Rawlinson B503)*. Mac Airt, Seán. 1951. Institute for Advanced Studies. Dublin.
- AICM: *Archaeological Inventory of County Meath*. Moore, Michael. 1986. Oifig an tSoláthair. Baile Átha Cliath.
- AITTPB: *Census of Ireland [1851], General Alphabetical Index to the Townlands and Towns, Parishes and Baronies of Ireland*. Genealogical Publishing Co. 1984. (1861). Alexander Thom. Dublin.
- AL OS/88/20, AL OS/88/36 *Ainmleabhar + uimhir chláráithe mar atá sa Chartlann Náisiúnta*.
- An Coiste Téarmaíochta 1978. *Ainmneacha Plandaí agus Ainmhithe. Flora and Fauna Nomenclature*. Oifig an tSoláthair. Baile Átha Cliath.
- Andrews, J. H. 1975. *A Paper Landscape. The Ordnance Survey in Nineteenth-Century Ireland*. Clarendon Press. Oxford.
- 1992-93. 'The maps of Robert Lythe as a source for Irish place-names', *Nomina, A Journal of Name Studies Relating to Great Britain and Ireland*, Volume xvi.
1997. *Shapes of Ireland, Maps and their Makers 1564 -1839*. Geography Publications. Templeogue, Dublin 6.
- Anglo-Sax Dic 1898: *A Concise Anglo-Saxon Dictionary*. Clark-Hall, John R. 1898 reprinted 1916. University Press. Cambridge.

- Ann Clon: The Annals of Clonmacnoise being Annals of Ireland from the Earliest period to AD 1408 translated into English AD1627 by Conell MacGeoghagan.* Murphy, Rev. Denis (eag). 1896. Royal Society of Antiquaries of Ireland. Dublin.
- Ann Conn: Annála Connacht, The Annals of Connacht (AD 1224-1544).* Freeman, A. Martin. (1944) 1996. School of Celtic Studies. Dublin Institute for Advanced Studies.
- Ann Ireland: The Annals of Ireland translated from the original Irish of the four masters.* Connellan, Owen. 1864. B. Geraghty. Dublin.
- Ann Ir 3 Frag 1860: Annals of Ireland. Three Fragments, copied from Ancient Sources by Dubhaltach Mac Firbisigh.* O' Donovan, John. 1860. University Press for the Irish Archaeological and Celtic Society.
- Ann Loch Cé: The Annals of Loch Cé, A Chronicle of Irish Affairs from AD 1014 to AD1590. Vols i, ii.* Hennessy, William M. 1871. Longman & Co., Trübner & Co., London. Parker & Co., Oxford. Macmillan & Co., Cambridge. A. & C. Black, Edinburgh. A. Thom, Dublin.
- Ann Tig: The Annals of Tigernach, Vols.1, 2.* 1993 Reprint from *Revue Celtique* 1895/96. Stokes, Whitley. Llanerch Publishers. Felinfach.
- Ann Tig Index: The Annals of Tigernach Index of Names.* Ó Murchadh, Diarmuid. 1997. Irish Texts Society, Cumann na Scríbhéann nGaedhilge, Subsidiary Series 6. London and Dublin.
- Archdall. Mervyn [?]. 1771 *Hiberniae antiqua et nova nomenclatura: alphabetical list of Hiberniae antiquae et novae nomenclatura: a gazetteer of Ireland with some notes on place-names.* (By M. Archdall?) Jan. 1771. (LNÉ: MS 3234).
- Archdall Mon Hib (White): Monasticon Hibernicum or, A history of the abbeys, priories, and other religious houses in Ireland, interspersed with memoirs of their several founders and benefactors, and of their abbots and other superiors, to the time of their final suppression. Likewise, an account of the manner in which the possessions belonging to those foundations were disposed of, and the present state of their ruins.* Archdall. Mervyn. 1786. Printed for Luke White. Dublin.
- ARÉ i - vii: Annála Ríoghachta Éireann:Annals of the Kingdom of Ireland by the Four Masters from the Earliest Period to the Year 1616.* (7 n-imleabhar). O'Donovan, John. 1851-1856. Hodges and Smith. Grafton Street, Dublin.
- ASE 1662: 'Act of Settlement'* cf. Crook 1662.
- Atlas of I 1979: Atlas of Ireland Prepared under the Direction of the Irish National Committee for Geography.* Haughton, J.P (Chairman) 1979. Royal Irish Academy. Dublin.
- AU: Annals of Ulster to AD 1131. Part 1, Text and Translation.* Mac Airt, Seán., Mac Niocaill, Gearóid. (eagarthóirí) 1983. Dublin Institute for Advanced Studies.
- AU i - iv: Annála Uladh. Annals of Ulster, otherwise Annals of Senat; a chronicle of Irish Affairs from AD 431 to AD 1540.* [4 imleabhar]. *Volume I AD 431 - 1056.* (1887), *Volume II AD 1057-1131: 1155-1378* (1893), *Volume III AD 1379 - 1541* (1895), *Volume IV Introduction and Index 431 - 1131: AD 1155 -1540* (1901). Hennessy, William M. 1887., Mac Carthy, B. 1893, 1895, 1901. Printed for her Majesty's Stationery Office. Alex. Thom & Co (Limited). Dublin.

- Bain, Joseph (ed). 1881-84. *Calendar of Documents relating to Scotland preserved in the Dublin Record Office*, 4 Volumes.
- Baltaxe Christiane AM. 1978. *Fundamentals of Distinctive Feature Theory*. University Park Press. Baltimore.
- Bartlett, Thomas. 2010. *Ireland A History*. Cambridge University Press.
- Bergin, O. 1946. 'White Red-Eared Cows', *Ériú* 14, 170.
- Bergin, Osborn., Knott, Eleanor (eds). 1938. 'Bretha Crólige', *Ériu* 12, 1-77.
- Berrill, Dinah., Brennan, Chrissie., Cunningham, Maureen., Delaney, Ena., Mc Entee, Margaret., Seery May., Tiernan, Maura. 1985. *A History of Julianstown compiled by Julianstown Guild I.C.A.*
- Berry, Henry F. (ed). 1907. *Statutes and Ordinances and Acts of Parliament King John to Henry V*. Printed for His Majesty's Stationery Office by Alexander Thom & Co., Limited. Dublin.
- Beaufort 1792: Memoir of a map of Ireland; illustrating the topography of that Kingdom, and containing a short account of its present state, Civil and Ecclesiastical; with a complete index to the map*. Beaufort, Daniel Augustus. 1792. sold by W Faden, Geographer to the King; J Debrett, and James Edwards, London.
- Bieler, Ludwig (ed). 1963. *The Irish Penitentials with an Appendix by D.A. Binchy*. Dublin Institute for Advanced Studies.
- Black, George F. (1947) 1974. *The Surnames of Scotland. Their Origin, Meaning, and History*. The New York Public Library. Astor, Lenox and Tilden Foundations & Readex Books. A Division of Readex Microprint Corporation.
- BN [Bibliothèque Nationale]. A Topographical Index of the Parishes and Townlands of Ireland in Sir William Petty's MSS Barony Maps (c. 1655-9) (Bibliothèque Nationale de Paris, Fonds Anglais, Nos. 1 & 2 and Hiberniae Delineatio (c. 1672)*. Goblet, Y.M. 1932. Irish Manuscripts Commission. The Stationery Office. Dublin.
- Bradley John. 1980-81. 'St. Patrick's Church, Duleek *Ríocht na Midhe, Vol VIII No. 1, 40-51*.
- 1988-89. 'The Medieval Towns of County Meath', *Ríocht na Midhe, Vol VIII No. 2, 30-49*.
- Brady, Rev. John. 1958. 'Early Christian Meath', *Ríocht na Midhe, Vol I No. 4, 5-13*.
1960. 'The Nunnery of Clonard', *Ríocht na Midhe, Vol II No. 2, 4-7*.
1961. 'Anglo Norman Meath', *Ríocht na Midhe, 38-45, Vol II No. 3*
- 1988-89. 'The Medieval Towns of County Meath', *Ríocht na Midhe, Vol VIII No. 2, 30-49*.
- Breatnach, Caoimhín. 2005 'The significance of the orthography of Irish proper names in the Codex Salmanticensis', *Ériú* 55, 85-101.
- Breatnach, Liam. 1994. 'An Mheán-Ghaeilge', *Stair na Gaeilge, in ómós do Pádraig Ó Fiannachta lgh 221-334*. Roinn na Sean-Ghaeilge, Coláiste Phádraig, Maigh Nuad.
- Brooks, Eric St John. 1950. *Knights Fees in counties Wexford, Carlow and Kilkenny (13th -15th Century)*. Irish Manuscripts Commission. Dublin.

- BSD: Book of Survey and Distribution. A Distribvion (sic) of Forfeited Land in the Counties of East Meath and Lowth. Returned by the Downe Survey. Shewing whose they were in Anno 1641, and to whom they are now sett out, by the Acts of Settlement and Explanation (sic). Tome 1st:Vol: 3rd. [i ndiaidh1668]. Stowe Ms G VI 2 in RIA, Dawson Street, Dublin.*
- Buckley, Victor M. 1988-1989. 'Meath Souterrains: Some Thoughts on Early Christian Distribution Patterns', *Ríocht na Midhe 1988-1989, Vol. VIII, no. 2, 64-67.*
- Burke's Guide: Burke's Guide to Country Houses, Vol I – Ireland.* Bence-Jones, Mark (ed). 1978. Burke's Peerage Ltd. London.
- Burnell, Tom. 2006. *The Anglicised words of Irish Placenames.* Nonsuch. Tempus Publishing. Great Britain.
- Butler, Rev. Richard. 1845. *Registrum Omnium Sanctorum juxte Dublin edited from a Manuscript in the Library of Trinity College Dublin with additions from other sources, and notes.* Irish Archaeological Society. Dublin.
- Byrne F.J. 2005. 'The Viking Age', *Appendix: Old Norse Borrowings into Irish in A New History of Ireland I Prehistoric and Early Ireland 630-631*, Dáibhí Ó Cróinín (ed). Oxford University Press.
- Calendar of Ancient Records of Dublin: in the possession of the municipal corporation, Volume 1.* [5 Volumes]. Gilbert, John T., Dollard, Joseph. 1889. Wellington Quay, Dublin. Bernard Quaritch. 15 Piccadilly, London.
- Cal Carew Mss: Calendar of the Carew Manuscripts preserved in the Archiepiscopal Library at Lambeth 1514-1574.* 1867. Brewer J.S., and Bullen William esq (eds). Longmans, Green, Reader & Dyer. London.
- Callander, Robin. 2002. 'Sheep houses in Midlothian County', *The Scottish Vernacular Building Working Group [Imleabhar] 12.3-13.*
2002. 'Note on a sheep house, Shap Wells, Cumbria', *The Scottish Vernacular Building Working Group [Imleabhar] 26.20.*
- Cal papal letters ii: Calendar of entries in the papal registers relating to Great Britain and Ireland. Papal Letters Vol. II, 1305-1342.* Bliss, W.H. (ed). 1895. Printed for her Majesty's Stationery Office. Eyre and Spottiswoode, London. John Menzies, Edinburgh. Hodges, Figgis & Co, Dublin.
- Cameron, Kenneth (1961) 1963. *English Place-Names.* B.T. Batsford LTD. London.
- Canny, Nicholas. 2001. *Making Ireland British 1580 -1650.* Oxford University Press.
- Carlisle Nicholas. 1810. *A Topographical Dictionary of Ireland; exhibiting the names of the several cities, towns, parishes, and villages ... Collected from the most authentic documents, and arranged in alphabetical order. Being a continuation of the topography of the United Kingdom of Great Britain and Ireland. Printed for W Miller by W Savage. London.*
- Carney, James (ed). 1943. *Topographical Poems by Seaan Mór Ó Dubhagáin and Giolla-Na-Naomh Ó hUidhrín.* Dublin Institute for Advanced Studies.
1979. *Studies in Irish Literature and History.* Dublin Institute for Advanced Studies.

- Carré, Albert. 1937. *L'Influence des Huguenots Français en Irlande aux XVII^e et XVIII^e siècles*. Les Presses Universitaires de France, 108, Boulevard Saint-Germain VI^e, Paris.
- CChD: Christ Church Deeds*. McEnery, M.J. Refaussé, Raymond (eds). 1922. Four Courts Press. Dublin.
- CCh R i Henry III 1226-1257: Calendar of the Charter Rolls Vol 1, Henry III 1226-1257*. Maxwell Lyte 1903. Mackie and Co LD, London.
- CCl R Ed II. Calendar of the Close Rolls Edward II 1307 -1313*. Maxwell Lite. 1892. Stationery Office. Printed for Her Britannic Majesty's Stationery Office. London. Reprinted 1900 [1971]. Kraus Reprint, Kraus-Thomson Organization Limited. Nendln/ Liechtenstein. London.
- CCl R Ed III 1346-49:Calendar of the Close Rolls, Edward III 1346 -1349*. Maxwell Lyte, H. C. 1905. Kraus Reprint [1972]. A Division of Kraus-Thomson Organization Limited. Nendln/ Liechtenstein.
- CCl R Hen IV i, ii: Calendar of Close Rolls, Henry IV i, 1399-1402, ii, 1402 -1405*. Stamp. A. E. 1971 [1927, 1928 1971. 1399-1419]. Kraus Reprint, Kraus-Tomson Organisation Limited. Nendeln/ Lichtenstein.
- CDI 1171- 1252: Calendar of Documents relating to Ireland, 1171- 1252*. Sweetman, H. S. (ed). 1875. Longman & Co., Trübner & Co., London. Parker & Co., Oxford. Macmillan & Co., Cambridge. A. & C. Black, Edinburgh. A. Thom, Dublin.
- CDI 1253 – 1284: Calendar of Documents relating to Ireland, 1253 – 1284*. Sweetman, H. S. (ed). 1877. Longman & Co., Trübner & Co., London. Parker & Co., Oxford. Macmillan & Co., Cambridge. A. & C. Black, Edinburgh. A. Thom, Dublin.
- CDI 1285-1292: Calendar of Documents relating to Ireland, 1285-1292*. Sweetman, H. S. (ed).1879. Longman & Co., Trübner & Co., London. Parker & Co., Oxford. Macmillan & Co., Cambridge. A. & C. Black, Douglas & Foulis, Edinburgh. A. Thom, Dublin.
- CDI 1293-1301: Calendar of Documents relating to Ireland, 1293-1301*. Sweetman, H. S. (ed).1881. Longman & Co., Trübner & Co., London. Parker & Co., Oxford. Macmillan & Co., Cambridge. A. & C. Black, Douglas & Foulis, Edinburgh. A. Thom, Dublin.
- CDI 1302-1307: Calendar of Documents of Ireland 1302-1307*. Sweetman, H. S., Handcock, Gustavus Frederick eds. 1974 [1886]. Kraus Reprint, Kraus-Tomson Organisation Limited. Nendeln/ Lichtenstein.
- Census 1659: A Census of Ireland circa 1659 with Supplementary material from the Poll Money Ordinances (1660 -1661)*. Pender, Séamas (ed). 1939. The Stationery Office. Dublin.
- CG: Críth Gablach*. Binchy, D.A (eag). 1979. Dublin Institute for Advanced Studies. Dublin.
- CGH: Corpus Genealogiarum Hiberniae, Vol. 1*. O'Brien, M.A. (ed). 1962. Institute for Advanced Studies. Dublin.

- CGR: Calendar of the Gormanston Register Circa 1175-1397.* Mills, James., McEnery, M.J. (eds). 1916. University Press for Royal Society of Antiquaries of Ireland. Dublin.
- CGSH: Corpus genealogiarum sanctorum Hiberniae.* Ó Riain, Pádraig (eag). 1985. Dublin Institute for Advanced Studies.
- Ch 20th Cent Dic: Chambers Twentieth Century Dictionary.* Macdonald, A.M. (ed.) 1972. Chambers. Edinburgh.
- Charles, B.G. 1992. *The Place names of Pembrokeshire Vols I, II.* The National Library of Wales. Aberystwyth.
- Chart St Mary's Abb Dublin: Chartularies of St Mary's Abbey, Dublin: with the Register of its House at Dunbrody and Annals of Ireland Volume II.* Gilbert, John T. 1884. Longman & Co., Trübner & Co., London. Parker & Co., Oxford. Macmillan & Co., Cambridge. A. & C. Black, Douglas & Foulis, Edinburgh. A. Thom, Dublin.
- Chron Scot: Chronicum Scotorum, A Chronicle of Irish Affairs from the Earliest Times to AD 1135, with a supplement containing the Events from 111 to 1150.* Hennessy, William M. (ed). 1866. Longman, Greene, Reader and Dyer. London.
- CI 1991: Calendar of Inquisitions formerly in the Office of the Chief Remembrancer of the Exchequer prepared from the MSS of the Irish Record Commission.* Griffith, M.C. 1991. Stationery Office for the Irish Manuscript Commission. Dublin.
- CJR 1295-1303: Calendar of the Justiciary Rolls or proceedings in the court of the Justiciar of Ireland preserved in the Public Record Office of Ireland, XXIII to XXXI years of Edward I.* Mills, James (ed) 1905. Printed for His Majesty's Stationery Office. Alexander Thom & Co. Abbey-Street, Dublin.
- CJR 1305- 1307: Calendar of the Justiciary Rolls Ireland, Edward I Part 2. XXXIII to XXXV years (1305 - 1307).* Mills, James (ed) 1914. Printed under the authority of His Majesty's Stationery Office by Alex Thom and Co., Ltd., Abbey Street, Dublin.
- CJR 1308 - 1314: Calendar of the Justiciary Rolls Ireland, I to VII years of Edward II [1307-1314].* Wood, Herbert. Langman Albert E., revised by Griffith, Margaret C. 1956. The Stationery Office. Dublin.
- CMWCHS 2010: County Meath Wetlands and Coastal Habitats Survey, August 2010. An Action of the County Meath Heritage 2007-2011.* Comhairle Chontae na Mí/ Meath County Council. 2010. An Chomhairle Oidhreachta/ The Heritage Council.
- COD: Calendar of Ormond Deeds, being the Mediaeval Documents preserved at Kilkenny Castle i-vi, 1172-1603 [6 imleabhar].* Curtis, Edmund (ed). 1932 - 1970. Coimisiún Láimhscríbhinní na hÉireann. Baile Átha Cliath.
- Cod Ard: Codex Ardmhacha cf. Thes Paleohib*
- Cogadh G re G: Cogadh Gaedhel re Gallabh. The War of the Gaedhil with the Gaill. The Invasions of Ireland by the Danes and other Norsemen.* Todd, James, Henthorn. (eag). 1867. Longmans, Green, Reader, and Dyer. London.
- Cogan Rev A.1862. The Diocese of Meath: ancient and modern Vol 1.* J.F. Fowler. Dublin. Burns and Lambert. London.

- Colgan, John. 1645. *Acta sanctorum: veteris et maioris scotiae sev hiberniae sanctorum insulae, Partim ex variis per Europam MS. Codd. exscripta, partim ex antiquis monumentis & probatis Authoribus eruta & congesta; omnia Notis & Appendicibus illustrata per R.P.F. Ioannem Colganum.* Apud Everardum de Witte. Lovanii.
1647. *Triadis Thaumaturga, seu Divorum Patrici Columbae et Brigidae trium Veteris et Majoris Scotiae, seu Hiberniae, Sanctorum Insulae, communium Patronorum Acta, Tomus Secundus Sacarum euusdem Insulae Antiquitatum.* Louvain.
- Connell, Mary., Wright, Andrew. [gan dáta c 2000] ‘Duleek House’, *The Parish of Duleek and ‘over the Ditches’, 45-47.* Compiled and edited by Duleek Heritage.
- Conlan, Jim., Curley, Jim., Gogan, Paddy., Lynch, Shaun., Woods, Alfred. [Gan dáta, c 2000. ‘The Nanny Floods’, *The Parish of Duleek and ‘over the Ditches’, 10-13.* Compiled and edited by Duleek Heritage.
- Corish, Patrick J. 1976 A (athchlóite 1991). ‘The Rising of 1641 and the Catholic Confederacy, 1641-5’ *A New History of Ireland iii: Early Modern Ireland 1534-1691*, 353 - 385. (Eds. T.W. Moody, F.X. Martin, F.J. Byrne). Clarendon Press. Oxford.
- 1976 B (1991). ‘The Cromwellian Regime, 1650-60’. *A New History of Ireland iii: Early Modern Ireland 1534 -1691*, 353 - 385. (Eds. T.W. Moody, F.X. Martin, F.J. Byrne). Clarendon Press. Oxford.
- Coveney, E. Lawlor, R., Mc Loughlin, M., Mullen, S., Tully., P. (gan dáta) *Kentstown in Bygone days.* Irish Countrywomen’s Association.
- Cox, Richard A.V. 2002. *The Place-Names of Carloway, Isle of Lewis, their structure and significance.* School of Celtic Studies. Institute for Advanced Studies.
- CPCI R i: Calendar of the Patent and Close Rolls of Chancery in Ireland of the Reigns of Henry VIII, Edward VI, Mary, and Elizabeth. Vol. I.* Morrin, James. 1861. Alex Thom & Sons. Dublin.
- CPCI R ii Eliz: Patent and Close Rolls of Chancery in Ireland from the 18th to the 45th of Queen Elizabeth Vol. II.* Morrin, James. 1862. Alexander Thom, Hodges, Smith & CO., Dublin. Longman, Green, Longman, and Roberts. London.
- CPCI R Car I: Calendar of the Patent and Close Rolls of Chancery in Ireland of the Reign of Charles the first. First to eighth year inclusive [1625 - 1633]* Morrin, James. 1863. Alex Thom, Hodges Smith. Dublin. Longman, Green, Longman & Roberts. London.
- CPR Ed III: 1971 [1900]. Calendar of the Patent Rolls, Edward III 1340-1343.* Maxwell Lyte 1900 reprinted 1971. Kraus Reprint, Kraus –Thomson Organization Limited. Nendeln/ Liechtenstein.
- CPR Ed III 1327- 30: Calendar of the Patent Rolls: Edward III. 1327- 30.* Maxwell Lite 1896. Eyre and Spottiswoode. London.
- CPR Ed IV: Calendar of the Patent Rolls Edward IV. Henry VI. AD 1461-1467.* Maxwell Lite [1900] 1971. Printed for Her Britannic Majesty’s Stationery Office. London.) Kraus Reprint, Kraus-Thomson Organization Limited. Nendln/ Liechtenstein.

- CPR James I Facs: Irish Patent Rolls of James I. Facsimile of the Irish Record Commission's Calendar prepared prior to 1830.* Griffith, M. C. (foreward by). 1966. Irish Manuscripts Commission. The Stationery Office. (san RIA).
- CRRB Cath Ruis na Ríg for Bóinn.* Hogan, Edmund. 1892. Hodges Figgis & Co (Ltd.) Dublin. Williams & Norgate. London.
- Craigie, William A. 1937. *A Dictionary of the Older Scottish Tongue from the Twelfth Century to the end of the Seventeenth.* The University of Chicago Press. Chicago, Illinois, USA. Humphrey Milford: Oxford University Press. London.
- Crook, Andrew (Printer). 1697. *An act for making the collectors receipts for quit-rent, crown rent, and other rents due to the crown, full and legal discharges for the same, and for limiting their fees thereon ; An act for taking away the benefit of clergy in some cases.* Dublin.
- Crook, John (Printer). 1662. *An Act for the better Execution of His Majesties Gracious Declaration for the Settlement of His Kingdome of Ireland and Satisfaction of the severall Interests of Adventurers, Soaldiers and other His Majesties Subjects there.* Printed by John Crook, Printer to the Kings most Excellent Majesty, and are to be sold by Sam. Dancer in Castle-street. MDCLXVI. [RIA: MR 16 B 2 (lgh1-125)].
- [2] *An Act for the Explaining of some Doubts arising upon An Act intituled (sic) An Act for the better Execution of His Majesties Gracious Declaration for the Settlement of His Kingdom of Ireland, and Satisfaction of the severall Interests of Adventurers, Souldiers, and other His Subjects there; and for making some alterations of, and additions unto the said Act, for the more speedy and effectual settlement of the said Kingdom.* 1665. Printed by John Crook, Printer to the Kings most Excellent Majesty, and are to be sold by Samuel Dancer Bookseller in Castlestreet. 1665. [RIA: MR 16 B 2 (lgh126 - 151)].
- [3] *Compleat index to the Act of Settlement and to the Explanatory Act of Settlement wherby the Reader may at first sight know the severall Concerns and the differences between the said Acts.* 1666. Printed by John Crook, Printer to the Kings most Excellent Majesty, and are to be sold by Sam. Dancer in Castle-street. MDCLXVI. [RIA: MR 16 B 2 (lch 152 ar lean)].
- Crozier, Alan. 1988. 'On the Transparency of Place-Names in Ireland, England and Sweden', *Ainm* 3, 42-58.
- CS: The Civil Survey, County Meath 1654-1656.* Simington, Robert C. (ed) 1940. Stationery Office for the Irish Manuscripts Commission. Dublin.
- CS X: The Civil Survey 1654-1656 Vol. X Miscellanea.* Simington, Robert C. (ed). 1961. Stationery Office for the Irish Manuscripts Commission. Dublin.
- CSL 1540-1: Crown Surveys of Lands 1540-1541.* Mac Niocaill, Gearóid. 1992. Irish Manuscripts Commission. Dublin.
- CSPI HenVIII, Ed VI, Mary & Eliz 1509-1573: Calendar of the State Papers relating to Ireland of the reigns of Henry VIII, Edward VI, Mary and Elizabeth 1509-1573.* Hamilton, Hans Claude. 1860. Longman, Green, Longman, & Roberts. London.
- CSPI Eliz 1574-1585: Calendar of the State Papers relating to Ireland of the reign of Elizabeth 1574-1585.* Hamilton, Hans Claude. 1867. Longman, Green, Reader & Dyer. London.

- CSPI James I 1606-1608: Calendar of the State Papers relating to Ireland of the reign of James I 1606-1608.* Russell, Rev. C.W. and Prendergast, John P. (eds). 1874. Longman & Co., Trübner & Co., London. Parker & Co., Oxford; and Macmillan & Co., Cambridge. A & C. Black, Edinburgh; and A. Thom, Dublin.
- CSPI 1611-1614: Calendar of the State Papers of Ireland 1611-1614.* Russell, Rev. C.W. and Prendergast, John P. (eds). 1877. Longman & Co., Trübner & Co., London. Parker & Co., Oxford. Macmillan & Co., Cambridge. A & C Black, Edinburgh; and A. Thom, Dublin.
- CSPI 1625-1632: Calendar of the State Papers of Ireland 1625-1632.* Mahaffy, Robert Pentland (ed). 1900. Printed for Her Majesty's Stationery Office by Eyre and Spottiswoode. London.
- CSPI 1633-1647: Calendar of the State Papers of Ireland 1633-1647.* Mahaffy, Robert Pentland (ed). 1901. Printed for His Majesty's Stationery Office by the 'Norfolk Chronicle' Company Ltd. Norwich. Eyre & Spottiswoode, East Harding Street, Fleet Street, EC. Oliver and Boyd, Edinburgh. E Ponsonby 116, Grafton Street, Dublin.
- CSPI 1642-1659: Calendar of the State Papers of Ireland. Adventurers for Land 1642-1659.* Mahaffy, Robert Pentland (ed). 1903. His Majesty's Stationery Office. Mackie and Co Ltd. London. Eyre and Spottiswoode. London. Oliver and Boyd. Edinburgh. E. Ponsonby. Dublin.
- CSPI 1647-1660: Calendar of the State Papers of Ireland 1647-1660.* Mahaffy, Robert Pentland (ed). 1903. Printed for His Majesty's Stationery Office by Mackie and CO.LD. London. Oliver and Boyd, Edinburgh. E Ponsonby 116, Grafton Street, Dublin.
- CSPI Car II i: 1660-1662: Calendar of the State Papers of Ireland 1660-1662.* Mahaffy, Robert Pentland (ed). 1905. Printed for His Majesty's Stationery Office by Mackie and CO.LD. London. Oliver and Boyd, Edinburgh. E Ponsonby 116, Grafton Street, Dublin.
- CSPI 1566 - 1567: Calendar of the State Papers of Ireland. Tudor Period 1566 – 1567, 1568 - 1571.* Cunningham, Bernadette (ed). 2009. 2010. Irish Manuscripts Commission. 45 Merrion Square, Dublin 2.
- CSPI Tudor Period 1566 - 1567: Calendar of State Papers Ireland Tudor Period 1571-1575.* O'Dowd, Mary. 2000. Public Record Office. Irish Manuscripts Commission.
- Cuffe, Rev. Philip. 1975. 'Cianachta', *Annála Dhamhliag, The Annals of Duleek No. 4*, 25-29. Yearbook of Duleek Historical Society, ed. Enda OBoyle (*sic*).
- Curtis, Edmund (ed). 1919. 'The Spoken Languages of Medieval Ireland', *Studies, Vol 8 no. 30, June 234-254*.
1932. 'Extracts out of Heralds', Books in Trinity College, Dublin, relating to Ireland in the 16th century' in *The Journal of the Royal Society of Antiquaries of Ireland 1932*, 28-49. Printed for the Society by Falconer. 2 Crow Street, Dublin.
- D'Alton, John. 1844. *History of Drogheda with its Environs and an Introductory Memoir of the Dublin and Drogheda Railway, in Two Volumes*. Published by the Author. Dublin. [1863. McGlashen and Gill, 50 Upper Sackville-Street. Dublin.]

- De Jubainville, H. D'Arbois. 1889. 'Gentilices en -ius employés au feminine dans le géographie de la Gaule', *Revue Celtique* X. 153-177.
- de hÓir, Éamonn (eag). 1968-69 'As Cartlann na Logainmneacha. Baldoyle Baile Dúill', *Dinnseanchas* iii 80 -82. An Cumann Logainmneacha. Baile Átha Cliath.
1970. 'Annála as Breifne', *Breifne, Journal of Cumann Seanchais Bhreifne (Breifne Historical Society) Vol IV No 13, 1970, 59-86*. Cavan.
- 1975 A. 'Logainmneacha Bhaile Átha Cliath', *Studio Hibernica* 15, 128-142. Coláiste Phádraig. Baile Átha Cliath.
- 1975 B. 'Nótaí faoi roinnt Logainmneacha in Oirthear Chontae Chill Dara'. *Dinnseanchas Iml.VI, Uimh 3*. An Cumann Logainmneacha. Baile Átha Cliath.
- 1980-1. 'The place-names of Ireland' *Bulletin of the Ulster Place-Names Society Series 2, Vol. 3, 1-7*, Deirdre Flanagan (Ed.), Department of Celtic, The Queen's University of Belfast.
- De Vries, Jan. 1962. *Altnordisches Etymologisches Wörterbuch*. E.J. Brill. Leiden.
- DIL A Dictionary of the Irish language: based mainly on Old and Middle Irish materials*. Royal Irish Academy 1913 - 1976. Dublin.
- Dinneen. Rev. Patrick S. 1927. *Foclóir Gaedhilge agus Béarla*. Educational Company of Ireland Ltd. Irish Texts Society. Dublin. Cork.
- Dobson, E.J. 1968. *English Pronunciation 1500-1700*. Clarendon Press. Oxford.
- Dowdall Deeds*. Mc Neill, Charles., Otway-Ruthven A.J. 1960. The Stationery Office. The Irish Manuscripts Commission. Dublin.
- Down, Kevin. 1987. 'Colonial Society and Economy in the High Middle Ages', *A New History of Ireland ii, Medieval Ireland 439-490*. Oxford University Press.
- Downey, Margaret. John Mc Cullen (ed). [gan dáta c 2000]. *From the Nanny to the Boyne*. Meath East Co-Operative Society Ltd., Bettystown. Co. Meath.
- Duffy, Patrick J. 2007. *Exploring the History and Heritage of Irish Landscapes* Maynooth Research Guides for Irish Local History: No. 12. Four Courts Press. Dublin.
- Duncumb, John. 1812. *Collections towards the History and Antiquities of the County of Hereford: Parish of Walterstone, Walterston. Part I of Vol. II*. Printed by E.G. Wright and sold by John Allen, Hereford. R.H. Evans and I. Jeffreys, Pall-Mall, London.
- Dwelly, Edward. (1901-11) Reprinted 1994. *The Illustrated Gaelic-English Dictionary*. Gairm Publications. Glasgow.
- Ecc Reg: The Ecclesiastical Register: Containing the names of the prelates, dignitaries and parochial clergy in Ireland; the denominations of their respective dignities and benefices; and exhibiting the progress made in providing churches, glebes, and glebe-houses for each benefice*. Erck, John C. 1820. Printed by J. Nolan. Dublin.
- Ekwall, Eilart. 1936. *The Concise Oxford Dictionary of English Place-Names*. Clarendon Press. Oxford.
- Etchingham, C. 2014. 'Names for the Vikings in Irish annals', *Celtic-Norse relationships in the Irish Sea in the Middle Ages 800-1200, 23-38*. Jón Vidar Sigurdsson and Timothy Bolton (eds) Leiden. Boston.

- Expugnatio: Expugnatio Hibernica The Conquest of Ireland by Giraldus Cambrensis.*
Scott, A.B., Martin, F.X. 1978 (eds). Royal Irish Academy. Dublin.
- Eyton, R.W. 1878. *Court Household and Itinerary of King Henry II: instancing also the Chief Agents and Adversaries of the King in his Government, diplomacy and strategy.* Taylor and Co., London. James Foster, Dorchester.
- Falileyev, Alexander, Gohil, Ashwin E., Ward, Naomi (eds). 2010. *Dictionary of Continental Celtic Place Names.* CMCS Aberystwyth. Wales.
- FFÉ: *Foras feasa ar Éirinn. The History of Ireland by Geoffrey Keating, vols i -iv.*
Comyn, David., Dinneen, Rev. Patrick S. (eagarthóirí). 1902. 1908. 1908 1914.
Irish Texts Society Vols IV, VIII, IX, XV, D. Nutt. London (vol i, ii), c/o The Royal Bank of Scotland PLC, Drummonds Branch, 49 Charing Cross, Admiralty Arch, London SW1A 2DX (vols iii, iv).
- FGB: *Foclóir Gaeilge-Béarla. Ó Dónaill Neil.* 1977. Richview Browne & Nolan Ltd. Baile Átha Cliath.
- Fitzgerald, Garrett. 1984. 'Estimates for Baronies of minimum level of Irish speakers amongst successive Decennial Cohorts 1771-1781 to 1861-1871', *Proceedings of the Royal Irish Academy Volume 84C pp. 117-155.* Dublin.
- Fitzpatrick, Brendan. 1953. *Seventeenth Century Ireland: The War of Religions.* Gill and Macmillan. Dublin.
- Fitzsimons, Jack. 1978. *The Plains of Royal Meath – including Townlands, Baronies, Parishes and Electoral Divisions [and] National Monuments.* Kells Art Studios, Kells, Co. Meath.
- Flanagan, Deirdre. 1969. 'Ecclesiastical Nomenclature in Irish Texts and Place-Names: a comparison', *Proceedings 10th International Congress Onomastic.* Vienna.
1978. 'Common Elements in Irish Place-Names: BAILE *Bulletin of the Ulster Place-Name Society, Second Series, Volume 1 1978, 8-13.*
1979. 'Common Elements in Irish Place-Names: CEALL, CILL', *Bulletin of the Ulster Place-Name Society, Second Series, Volume 2 1979, 1-8.*
1980. 'Place Names in Early Irish documentation: Structure and Composition', *Nomina A Journal of Name Studies Relating to Great Britain and Ireland, Volume 4, 41-45.*
- 1980-81. 'Common elements in Irish Place-Names: DÚN, RÁTH, LIOS *Bulletin of the Ulster Place-Name Society, Second Series, Volume 3, 1980-8, 16-29.*
- 1981-82 A. 'Some Guidelines to the use of Joyce's Irish Names of Places, Volume I', *Bulletin of the Ulster Place-Name Society, Second Series, Volume 4 1981-82, 61-69.*
- 1981-82 B. 'A Summary Guide to the more Commonly Attested Ecclesiastical Elements in Place-Names', *Bulletin of the Ulster Place-Name Society, Second Series, Volume 4 1981-82, 69-75.*
1983. 'Some less frequently attested Irish Place-Name Elements of Archaeological Interest', *Nomina, A Journal of Name Studies Relating to Great Britain and Ireland, 1983 Volume 7, 31-33.*
- Flanagan, Deirdre., Flanagan, Laurence. 1994. *Irish Place Names.* Gill & Macmillan. Dublin.

- Flanagan, Marie Therese. 1989. *Irish Society, Anglo-Norman Settlers, Angevin Kingship*. Clarendon Press. Oxford.
- FNCM: The Field Names of County Meath*. Mullen Joan., Tallon Francis. 2013. Meath Field Names Project.
- FO: Féilire Óengusso Céili Dé, The Martyrology of Oengus the Culdee, critically edited from ten manuscripts*. Stokes, Whitley. 1984 (Reprint 1905). Henry Bradshaw Society for 1905. Dublin Institute for Advanced Studies.
- Forfeited Estates 1700: 'Landscape in Transition: Descriptions of Forfeited Properties in Counties Meath, Louth and Cavan in 1700'*, *Analecta Hibernica No. 42 (59 – 179)* Horner, Arnold., Loeber Rolf (eds). 2011.
- French, Noel. 2009. *Towards an historic Town Atlas of Duleek. Duleek 'A Long Stragglng Village'*. Meath Heritage Centre. Town Hall, Castle Street, Trim, Co. Meath.
- Friedel, V. H., Meyer, Kuno. 1907. *La vision de Tondale (Tnudgal) Textes francais, Anglo-Normand et Irlandais*. Librairie Ancienne H. Champion. Paris.
- Frost, James. 1906 *County of Clare Irish Local Names Explained*. George McKern & Sons Limited, Printers. Limerick.
- FSAG i - iv: Foclóir stairiúil áitainmneacha na Gaeilge. A Historical Dictionary of Gaelic Placenames Fasc.1, 2, 3, 4. Ainmneacha in A, B, C- Ceall Fhursa, C-Ceall Ghabhann - Cláiríne. : Ó Riain, Pádraig., Ó Murchadha, Diarmuid., Murray, Kevin (eagarthóirí). 2003. 2005. 2008. 2011. Irish Texts Society. London.*
- Garry, James 1992-3. 'The Colpe Inscriptions', *Ríocht na Midhe* 62-78.
- Gilbert, John T. 1889. *Register of The Abbey of St. Thomas, Dublin*. Her Majesty's Stationery Office. London.
- Gasaitéar 1989: Gasaitéar na hÉireann: ainmneacha ionad daonra agus gnéithe aiceanta*. Ó Cearbhaill, P., Mac Giolla Easpaig, D., Ó Maolfabhail, A., Ó Muraíle, N. (eag/í) 1989 Oifig an tSoláthair. Baile Átha Cliath.
- GOI: A Grammar of Old Irish*. Thurneysen, Rudolph. (1946), 1980. The Institute for Advanced Studies. Dublin.
- Goodbody, Olive C. 1967. *Guide to Irish Quaker Records 1654-1860*. Irish Manuscripts Commission. Stationery Office. Dublin.
- Gougoud, L. 1913. 'Répertoire des fac-similés des manuscrits Irlandais', *Revue Celtique XXIV* 14-37.
- Graham, Brian. 1974. 'Medieval settlements in County Meath', *Ríocht na Midhe Vol.V, No. 4, 40-59*.
- Griffith, Margaret C. 1956. *Calendar of the Justiciary Rolls Ireland, I to VII years of Edward II. [1307-1314]* The Stationery Office. Dublin.
1976. 'The Influence of Scandinavian on Irish', *Proceedings of the Seventh Viking Congress Dublin 1973, 75-82, eds. Bo Almqvist and David Greene*. Dundalgan Press (W. Tempest). Dundalk.
- GRSH:Genealogiae Regum et Sanctorum Hiberniae by The Four Masters*. Walsh, Rev. Paul. 1918. Record Society, St. Patrick's College, Maynooth, M.H. Gill & Son, Ltd. Dublin.

- Gwynn, Aubrey and Hadcock, R Neville. 1970. *Mediaeval Religious Houses Ireland*. Longman. London.
- Gwynn, Edward John. 1942. 'An Old Irish Tract on the Privileges and Responsibilities of Poets', (H.2.15 B, pp135-56) *Ériu XIII* 1942, 1-59.
- Hanks, Patrick and Hodges, Flavia. 1989 [1988]. *A Dictionary of Surnames*. Oxford University Press. Oxford. New York.
- Harbison, Peter. 1990-1991. 'Meath High-Cross Fragments - lost and found', *Ríocht na Midhe Vol VIII, No 3, 134-143*.
- Hardiman, J (ed). 1828.. 'Ancient Irish Deeds and Writings, chiefly relating to Landed Property, from the twelfth to the seventeenth century, with Translations, Notes, and a Preliminary Essay ... Read February 27, 1826', *Transactions of the Royal Irish Academy* 15.
- Headford Papers. 1792. MS 26735, MS 26736, MS 26738. An Leabharlann Náisiúnta. [= Hearth Money Rolls, County Meath.]
- Henthorn, James., (eag). 1870. 'Descriptive Catalogue of the Contents of the Irish Manuscript, commonly called 'The Book of Fermoy'', *Proceedings of the Royal Irish Academy Volume I, Part I*. M.H. Gill. Dublin.
- HD [*Hiberniae Delineatio quoad hactenus licuit, Perfectissima Studio Guilielmi Petty Eqⁱ Aurati c. 1672*)] *A Topographical Index of the Parishes and Townlands of Ireland in Sir William Petty's MSS Barony Maps (c. 1655-9) (Bibliothèque Nationale de Paris, Fonds Anglais, Nos. 1 & 2 and Hiberniae Delineatio (c. 1672)*. Goblet, Y.M. 1932. Irish Manuscripts Commission. The Stationery Office. Dublin.
- Hickey, E. 1994. *Skryne and the Early Normans. Papers concerning the de Feypo family in Ireland in the 12th and 13th centuries*. Meath Archaeological and Historical Society.
- Hillaby, Joe. 1992-1993. 'Colonisation, crisis-management and debt: Walter de Lacy and the Lordship of Meath, 1189 -1241', *Ríocht na Midhe Vol VIII No 4, 1-50*.
- Hogan, Arlene. 2008. *The Priory of Llanthony Prima and Secunda in Ireland, 1172-1541: lands, patronage and politics*. Four Courts Press. Dublin.
- Hogan, Edmund. 1878. *The Description of Ireland and The State thereof as it is at this present in Anno 1598... from a Manuscript preserved in Clongowes-Wood College*. M.H.Gill & Son. Dublin. Bernard Quaritch. London .
- Horner, Arnold. 2007. *Mapping Meath in the early 19th Century*. Wordwell, in association with Meath County Council Library Service.
- Hughes, A.J. 1988. 'Sheep, Ship in Place-Names, A Caveat', *Ainm III*:73-76.
- Hull, Eleanor. 1926. *A History of Ireland and Her People to the Close of The Tudor Period Volume I*. George G. Harrap & Company Ltd. London. Calcutta. Sydney.
- ICL: *The Irish Cartularies of Llanthony prima & secunda, edited from the mss. In the public record office, London*. Brooks, Eric St John. 1953. Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann, The Stationery Office. Dublin.
- IFTS [*i - iv*] *Hen VII, Ed VI, P&M, Eliz: The Irish Fiants of the Tudor Sovereigns: during the Reigns of Henry VIII, Edward VI, Philip and Mary, and Elizabeth I*,

- Vols i - iv. Nicholls, K.W., Ó Canann (*sic*), T. G. (eds). 1994. Eamonn de Búrca/ Edmund Burke Publisher, Dublin.
- IGT: Irish Grammatical Tracts*. Bergin, Osborn (eag). 1915. School of Irish Learning. Dublin.
- IMP: Extents of Irish Monastic Possessions, 1540-1541: from manuscripts in the Public Record Office*. White, Newport B. 1943. Irish Manuscript Commission. The Stationery Office. Dublin.
- Inq Lag: Inquisitionum in officio rotulorum cancellariae Hiberniae asservatarum repertorium I (Lagenio)*. Hardiman, J (ed). 1826. Dublin, Cóip RIA.
- Jackson, Kenneth H. 1986. 'The Date of the Tripartite Life of St Patrick', *Zeitschrift für celtische Philologie* 41, 5-45.
- Joyce, PW. 1869 - 1913. *The Origin and History of Irish Names of Places, Vol. I (1869), Vol. II (gan dáta c. 1870), Vol. III (1913)*. Mc Glashen & Gill, Uppr. Sackville Street. Dublin.
1913. *A social history of ancient Ireland: treating of the government, military system, and law; religion, learning, and art; trades, industries, and commerce; Manners, customs, and domestic life, of the ancient Irish people*. Talbot Press. Dublin.
- Laoide, Seosamh. 1900. 'Sliocht Duanaire Niocláis Uí Cheatharnaigh: Iomáin na Bóinne, Séamas MacCuarta cct', *Irisleabhar na Gaedhilge The Gaelic Journal No 118. Áth Cliath, Iúl, 1900 Vol.10*.
- 1905-11. *Post-sheanchas: ina bhfuil cúigí, dúichí, conntaetha agus bailte puist na h-Éireann*. Baile Átha Cliath.
1914. *Duanaire na Midhe*. Clodhanna Teo. do Chonnradh na Gaedhilge. Baile ÁthaCliath.
- La Geste: The Deeds of the Normans in Ireland/ La Geste des Engleis en Yrlande*. (A new edition of the chronicle formerly known as *The Song of Dermot and the Earl*). Mulally, Evelyn. 2002. Four Courts Press, Fumbally Lane, Dublin 8.
- LG i -vi: Lebor gabála Érenn. Part I, (1932) 1938, Part II, (1933) 1939, Part III (1937) 1940, Part IV, (1939) 1941, Part V (1942) 1956*. Macalister Robert Alexander Stewart (ed.) 1938-1956., *Part VI Index of Names* (2009). Ó Riain, Pádraig. 2009. Irish Texts Society, Vols. 34, 35, 39, 41, 44, 63. Educational Co. of Ireland. Dublin.
- Larcom, Thomas Aiskew. 1851. *The History of the Survey of Ireland, commonly called The Down Survey by Doctor William Petty AD 1655-56*. For the Archaeological Society. Dublin.
- La Touche, J.J. Digges. 1893. *Registers of the French Conformed Churches of St. Patrick and St. Mary, Dublin*. The Publications of The Huguenot Society of London founded A.D. MDCCCLXXXV [1985] Volume VIII.
- Lawless Lee, Grace 1936. *The Huguenot Settlements in Ireland*. Caldicott Gough, Pitton, Gwynn, Knox . Longmans Green and Co. London. New York. Toronto.
- Lawlor, Hugh Jackson. 1914. *The Psalter and Martyrology of Ricemarch Volume I*. Printed for Henry Bradshaw Society by Harrison and sons, St Martin's Lane. London.
- Lawlor, Úna. 2008. 'Tochmharc Treabhlainne' Tráchtas Máistreachta Ealaíon. Ollscoil na hÉireann, Má Nuad.

- laws iii 1873: Ancient Laws of Ireland Senchus mór, being the corus Bescnae or Customary Law and The Book of Aicill, [Lebor Aicle] 1865-1901.* O'Mahony, Thaddeus., Richey, Alexander, George. 1873. Alexander Thom, Abbey Street, Hodges, Foster & Co. Grafton Street, Dublin. Longmans, Green, Reader and Dyer. London.
- Leabhar Muimhneach: An Leabhar Muimhneach maraon le suim Aguisíní. Ó Donnchadha, Tadhg (Torna). [Gan dáta] Coimisiún Láimhscríbhinní na hÉireann. Oifig Díolta Foillseacháin Rialtais. Baile Átha Cliath.*
- Ledwidge, Francis. [?1917]. *The Complete Poems of Francis Ledwidge with Introductions by Lord Dunsany.* Herbert Jenkins Limited, 3 York Street, St James's, London SW 1.
- Lewis Top Dic: A topographical dictionary of Ireland, comprising the several counties, cities, boroughs, corporate market and post towns, parishes and villages with historical and statistical descriptions, in Two Volumes.* Lewis, S. 1984 [1837/1870]. Genealogical Publishing Com. Inc., Baltimore.
- Libraire Larousse. 1964. *Nouveau Dictionnaire Etymologique et Historique.* Paris VI.
- LL iv, v, vi: The Book of Leinster, formerly Lebar na Nuachongbala, Vols IV 1965, V, VI. 1967. Vol VI.* Best, R.I., O'Brien, M. A., (eds), 1965, 1967. O' Sullivan, Anne (ed). 1983. Dublin Institute for Advanced Studies.
- LMG: Leabhar Mór na nGenealach, The Great Book of Irish Genealogies compiled 1645-66) by Dubhaltach Mac Fhirbhisigh. [5 imleabhar].* Ó Muraíle, Nollaig. 2003. De Búrca. Dublin.
- Lydon, James. 1995 A. 'The Years of Crisis, 1254 - 1315' in *A New History of Ireland ii: Prehistoric and Early Ireland, 179 - 201.* Oxford University Press.
- 1995 C. 'The Impact of the Bruce Invasion, 1315 -27' in *A New History of Ireland: Prehistoric and Early Ireland ii: 275 - 302.* Oxford University Press.
- Mac an Bhaird, Alan. 1991-3. 'Ptolemy Revisited', *Ainm Bulletin of the Ulster Place-Names Society Vol. V, 1-20.*
- Mac an Bháird Mícheál. 1969. 'Mornington or Marinerstown', *Dinnseannchas III 73-5.* An Cumann Logainmneacha.
- Mac Aodha, Breandán S. 1986. 'Children's Burial Grounds in Ireland, with particular reference to Galway', *Nomina, A Journal of Name Studies Relating to Great Britain and Ireland, Volume 10, 29-38* (Clark, Cecily., Padel O.J. et al, eds).
1996. 'Execution and Irish Place-Names'. *Nomina, A Journal of the Society for Name Studies in Britain and Ireland, Volume 19, 51-60.* (Padel, O.J. et al, eds).
- 1998 - 2000. 'Some aspects of the Toponymy of the Aughanduff-Slieve Gullion area in S Armagh'. *Ainm VIII:93-101 Bulletin of the Ulster Place Name Society.*
- Mac Cana, P. 1953. 'Caille Conaill', *BUPNS Spring 1953* in *Ainm 1996-1997, 158-160.*
- Mc Cormack, John. 2002. *A Story of Ireland. The People and events that shaped the Country.* Mentor Books. Dublin.
- MacCotter, Paul. 2005. 'Functions of the Cantred in Medieval Ireland', *Peritia Vol. 19 (308-322).*
- Mac-Geoghegan, James, abbé. 1758. / O'Kelly, Patrick (aistritheoir). 1831. *History of Ireland: Ancient and Modern, Taken from the Most Authentic Records, Published*

- at Paris in 1758, under the authority of the King of France, and Dedicated to the Irish Brigade Volume 2. Translated from the French by P O'Kelly.* Printed by T.J O'Flanagan. 26 Bachelor's-Walk. Dublin.
- Mac Giolla Easpaig, Dónall. 1981. 'Noun + Noun Compounds in Irish Place names', *Études Celtiques XVIII – 1981, 151-163.* Éditions du Centre National de la Recherche Scientifique. Paris.
- 1989-90. 'The Place Names of Rathlin Island', *Ainm* IV, 3-89.
1996. 'Placenames and early settlement in County Donegal', *Donegal: History and Society.*
- Mac Givney, Joseph. 1908. *Place Names of County Longford.* James Duffy and Co. Ltd. 38 Westmorland Street, Dublin.
- MacLennan, Malcolm. 1979. *A Pronouncing and Etymological Dictionary of the Gaelic Language.* Acair and Aberdeen University Press. Aberdeen.
- MacLysaght, Edward. 1985 [1957]. *The Surnames of Ireland.* Irish Academic Press Limited. Dublin.
1960. *More Irish Families* O'Gorman Ltd., Galway. Dublin.
1967. *Seventeenth Century Hearth Money Rolls with Full Transcript for County Sligo.* Dublin Stationery Office. Irish Manuscripts Commission. Baile Átha Cliath.
- Mac Mathúna, Liam. 1989-90. 'The Topographical Vocabulary of Irish: Patterns and Implications', *Ainm* IV, 144-164.
1997. 'Observation on Irish LANN (Piece of) Land; (Church) Building', and Compounds', *Ériú XLVIII, 153-160.*
- Mac Neill, Eoin. 1911. 'Early Irish Population Groups', *Proceedings of the Royal Irish Academy Vol. 29, Section C 59-114.* Hodges, Figgis, & Co., Ltd. Dublin. Williams & Norgate. London.
- Mac Niocaill Gearóid. 1966. 'The Origins of the Betagh', *The Irish Jurist Volume 1 : 292-8,* University College. Dublin.
1975. 'Na Burgéisi', *Medieval Irish History Series 3 Vol. 1, 172-3.*
- 1975B. 'The Medieval Irish Annals' *Dublin Historical Association.*
1964. *The Red Book of the Earls of Kildare.* Dublin Stationery Office. Irish Manuscripts Commission. Baile Átha Cliath.
- Mart Don: The Martyrology of Donegal. A Calendar of the Saints of Ireland.* O'Donovan, John. 1864. Todd, Henthorn James. Reeves, William (eds). Printed for the Irish Archaeological and Celtic Society by Alexander Thom. Dublin.
- Mart Gorm: The Martyrology of Gorman from a Manuscript in the Royal Library, Brussels.* Stokes. Whitley. 1895. Harrison and sons, St. Martin's Lane. London.
- Mart Tall: The Martyrology of Tallaght from the book of Leinster and Ms 5100-4 in the Royal Library, Brussels.* Best, R.I. and Lawlor, Hugh Jackson. 1931. Harrison and sons, St. Martin's Lane. London.
- Mc Cormack, John. 2002. *A Story of Ireland. The People and events that shaped the Country.* Mentor Books. Dublin.
- McKay, Patrick. 2007. *A Dictionary of Ulster Place-Names (second edition).* Cló Ollscoil na Banríona. Belfast.

- Mc Manus, Damian. 1983. 'A Chronology of the Latin Loan-Words in Early Irish', *Ériu* 34:21-71
- Marstrander, Carl. 1915. 'Remarques sur les « Zur Keltischen Wordkunde I-VI » de Kuno Meyer'. *Revue Celtique* 36, 335-390.
- Matasovic, Ranko. 2009. *Etymological Dictionary of Proto-Celtic*. Brill. Leiden, Boston.
- Matheson, Sir Robert E. 1901, A. *Special Report on Surnames in Ireland with Notes as to Numerical Strength, Derivation, Ethnology, and Distribution; based on Information extracted from the Indexes of the General Register Office*. Printed for his Majesty's Stationery Office. Alex. Thom & Co. (Limited), Abbey-Street Dublin.
- 1901, B. *Varieties and Synonymes of Surnames and Christian Names in Ireland ...* Printed for his Majesty's Stationery Office, by Alex. Thom & Co. (Limited), 87, 88, & 89, Abbey-Street, Dublin.
- Maude, Francis. 1881. *History of some of the ancestors and descendants of Sir Robert Maude Bt*. London.
1903. *The Maude Family*. London.
- Meehan, C.P. C.C. 1882. *The Confederation of Kilkenny*. James Duffy and Sons. Dublin. 1 Paernoster Row. London.
- Met Dind i -v: The Metrical Dindshenchas, Part 1*. 1903. *Part 2*. 1913. *Part 3*. 1924. *Part 4*. 1935. *Part 5*. 1935. Gwynn, Edward John. 1903-1935. Royal Irish Academy Todd Lecture Series. Hodges Figgis & Co. Dublin. Williams & Norgate. London.
- Meyer, Kuno. [1910] 1937. *Fianaigeacht*. Hodges & Figgis. Dublin. Williams & Norgate. London.
1912. *Hail Brigit: An Old-Irish poem on the Hill of Alenn*. Max Niemeyer, Halle. A.S. Hodges & Figgis, Dublin.
1912. 'Die funfzehn Namen des Boyne, aus Laud 610, fo.116b', *Zeitschrift für celtische Philologie* 8, 105-106.
- Mid Eng Dic: Middle English Dictionary*. with John Reidy (eds. I - N) 1963. Lewis, Robert E. (ed. S- Sl) 1986. Kurath, Hans., Kuhn, Sherman M. (eds). 1959. The University of Michigan Press, Ann Arbor, Michigan, USA.
- Miller, Arthur W.K. 1879-1880, 1881-1883. 'O'Clery's Irish glossary', *Revue Celtique* IV 349- 428, *Revue Celtique* V 1-69.
- Mills, A. 1991. *A Dictionary of English Place-Names*. Oxford University Press. Oxford. New York.
- Misc Ir Ann: Miscellaneous Irish Annals (A.D. 1114-1437)*. Ó hInnse, Séamus. (eag). 1947. Institute for Advanced Studies. Dublin.
- Mooney, B. 1998-2000. 'Sound Change and the Shaping of Place Names', *Ainm* 175-179.
- Mooney, Canice. 1950. 'Topographical Fragments from the Franciscan Library', *Celtica* I, 64- 85.
- Morlet, Marie Thérèse. 1991. *Dictionnaire Étymologique des Noms de Famille*. Perrin. 12, avenue d'Italie, Paris.

- Moss, Peter. 1971. 'The Weaving Industry in Duleek', *Annals of Duleek 1971*. Yearbook of Duleek Historical Society. OBoyle (sic), Enda (ed).
1976. 'Windmill and Watermill at Balrath', *Annals of Duleek no. 5*, 27-28. Yearbook of Duleek Historical Society. OBoyle (sic), Enda (ed).
- Mulchrone, Kathleen. (1933) 1971. *Cathréim Cellaig*. Dublin Institute for Advanced Studies. Dublin
1939. *Bethu Phátraic: the Tripartite Life of Patrick. edited with translation and indexes 1, Text and sources*. Royal Irish Academy. Dublin.
- Mulvany, Peter. 1971. 'Some Notices of the Baroness of Kells', *Ríocht na Midhe V*, 14-27.
- Murphy, Gerard. 1956. *Early Irish Lyrics*. The Clarendon Press. Oxford.
- Navan library. 'Grand jury Rates. An abstract of the presentments of the grand jury county Meath at the lent assizes 1803 and summer assizes 1806.', *Grand Juries of Ireland county of Meath* (digitized by Google; print copy in Navan library, county Meath).
- National Museum of Ireland. 1973. *Viking and Medieval Dublin. National Museum excavations, 1962-73. Catalogue of Exhibition*. Ard Mhúsaem na hÉireann/ An Roinn Oideachais. Elo Press. Dublin.
- NBBP: Name Book of Baronies & Parishes in the County of Meath*. O'Donovan, John. 1836 A. Cartlann Náisiúnta, Baile Átha Cliath.
- Nic Dhonnchadha, Lil (ed). 1964. *Aided Muirchertaig Meic Erca*. Institute for Advanced Studies. Dublin.
- Nicholls, Kenneth.W. 2004. 'The Protean Place names', *Cín Chille Cúile, texts saints and places: essays in honour of Pádraig Ó Riain*, eds. John Carey, Máire Herbert and Kevin Murray. Celtic Studies Publications. Aberystwyth.
- Nicolaisen, W. F. H. 1976. *Scottish Place Names*. B.T.Batsford Ltd. London.
- 1996-7. 'The World of Names'. *Ainm. Bulletin of the Ulster Place-Names Society* Vol. VII, 1-17.
- Ní Dhonnchadha, Máirín. 1994-95. 'Cailleach and other terms for veiled women in Mediaeval Irish Texts', *Éigse* 28, 71-96.
- O'Boyle, Enda. 2002. 'Inscriptions from Gravestones in Duleek Old Churchyard and from plaques in St. Kienan's Church of Ireland Church:Part Two', *Vol XIII 2002, Ríocht na Midhe* 69-99.
- O'Brien, J. 1832. *Foclóir Gaoidhilge-Sacs-Bhéarla ; or an Irish-English Dictionary; whereof the Irish Part hath been compiled not only from various Irish Vocabularies, particularly that of Mr Edward Lhuyd, but also from a great variety of the Best Irish Manuscripts now extant especially those that have been composed from the ninth and tenth centuries, down to the sixteenth; besides those of the lives of Saint Patrick and Saint Bridgit, written in the sixth and seventh centuries*. Printed for Hodges and Smith. Dublin
- Ó Buachalla Liam. 1937. 'Corbally', *Journal of the Cork Historical and Archaeological Society, Vol. XLII, Second Series* p. 57. Guy & Co. Cork.

- O'Byrne, Eileen (ed), Anne Chamney (ed). 2005. *The Calendar of the Convert Rolls, 1703- 1838 with Fr Wallace Clare's annotated list of Converts 1702-78*. Irish Manuscripts Commission. Dublin.
- Ó Cadhlaigh, Cormac. 1956. *An Rúraíocht*. Oifig an tSoláthair. Baile Átha Cliath.
- OCBG: 'The O'Clery Book of Genealogies', Pedersen, Holger. 1951 *Analecta Hibernica* 18, i-xxxiii,1-198.
- Ó Ceallaigh, Séamas. 1950. 'Place-Names in Derry and Tyrone', *Celtica* 1, 118-140.
- Ó Cearbhaill Pádraig. 1991-3. 'Sheep, Ship', *Ainm. Bulletin of the Ulster Place-Names Society Vol. V*, 33-6.
1997. 'Abhalta nó Olltaigh srl i Logainmneacha', *Studia Hibernica* 29, 205-216. Coláiste Phádraig. Baile Átha Cliath.
2004. *Liostaí Logainmneacha, Tiobraid Árann, Tipperary*. Rialtas na hÉireann, The Stationery Office. Dublin.
2011. *Sráidainmneacha agus Logainmneacha Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin*. dlr Comhairle Contae.
- Ó Concheanainn, Tomás. 1966-67. 'Ainmneacha Éideimhne', *Dindsheanchas* 2, 15-19
- O'Connell, Philip: 1958. 'Loughan and Dulane', *Ríocht na Midhe Vol. 1. No. 4*.
- O'Conor, Anne. 1991. *Child Murderess and Dead Child Traditions. A Comparative Study*. Suomalainen Tiedeakatemia, Academia Scientiarum Fennica. Helsinki.
2005. *The Blessed and the Damned. Sinful Women and Unbaptised Children in Irish Folklore*. Peter Lang. Oxford. Bern. Bruxelles. Frankfurt am Main. New York. Wien.
- O' Conor, Patrick J., 2001. *Atlas of Irish Place Names*. Oireacht na Mumhan Books. Coolanoran, Newcastle West, Co. Limerick.
- Ó Corráin, Donnchadh. 1979. 'Onomata' *Éiriú* 30, 165-180.
- Ó Corráin, Donnchadh. Maguire, Fidelma. 1981. *Irish Names*. Lilliput Press. Dublin.
- O'Curry, Eugene. (1861). 1995. *Lectures on the Manuscript Materials of Ancient Irish History*. Four Courts Press. Dublin. Portland.
- Ó Cuív, Brian. 1956-7. 'A Poem in Praise of Ragnall King of Man', *Éigse* 8, 283-301.
1931. (eag). 'Cín Lae Ó Mealláin', *Analecta Hibernica* 3, 1-61.
- O'Donoghue, Patrick. 2012. *Logainmneacha na mbailte fearainn i mbarúntachtaí Dhéise Uachtarach agus Dhéise Íochtarach Contae na Mí:bunfhoirmeacha agus bríonna*. Tráchtas do chéim PhD, Roinn na Staire, Ollscoil na hÉireann. Má Nuad.
- O'Donovan John. ?recte O'Curry, Eugene. *Fragments of Brehon Law*. (Ms) Translation V of TCD H.3.17, 1313 - 1498 in RIA. [?Lámh O'Curry].
- Oftedal, Magne 1976: 'Scandinavian place-names in Ireland', *Proceedings of the seventh Viking Congress*, 125-33. Dublin.
- Ó Foghludha, Risteárd, 'Fiachra Éilgeach'. (Gan dáta). *Log-Ainmneacha .i. Dictionary of Irish Place names (7,000)*. Brún agus Ó Nualláin. Wexford.
- O'Grady, Standish. [Gan dáta]. *The Triumph and Passing of Cuculain*. The Talbot Press Ltd. Dublin, T. Fisher Unwin Ltd. London.
- O'Growney, E. 1900. 'Spoken Gaelic of Aran', *Archiv für Celtische Lexikographie* 151-159. Herausgegeben von Whitley Stokes und Kuno Meyer. Max Niemeyer. Halle A.S. David Nutt. London. Emile Bouillon. Paris.

- Ó hÓgáin, D.1990. *Myth, Legend, and Romance: an Encyclopaedia of the Irish Folk tradition*. London.
- Ó hUiginn, Ruairí. 1994. 'Gaeilge Chonnacht', *Stair na Gaeilge, in Ómós do Pádraig Ó Fiannachta lgh 539-610*. Roinn na Sean-Ghaeilge, Coláiste Phádraig, Maigh Nuad.
- O'Keefe, Peter., Simington, Tom.1991. *Irish Stone Bridge: History and Heritage*. Irish Academic Press. Colour Books. Dublin.
- Ó Máille, T. S. 1960. 'Cuilleann in Áitainmneacha', *Béaloideas* 28, 50-64.
- 1964-5. 'Droichead i Logainmneacha', *Galvia Iris Chumann Seandáluíochta (sic) is Staire na Gaillimhe, Imleabhar X*, 46-60.
1968. 'Cam in Áitainmneacha', *North Munster Archaeological Journal, Vol XI, (64-70)*. John English & Co. LTD. Wexford.
1974. *Liosta Focal as Ros Muc*. Irish University Press, (Preas Ollscoile Éireann). Baile Átha Cliath, Éire.
1987. 'Place-Name Elements in -ar', *Ainm Bulletin of the Ulster Place-Names Society Vol. II*, 27-36.
- Ó Mainnín, Mícheál B. 1990. 'The Element Island in Ulster Place-Names', *Ainm IV* 200-210.
1993. *Place Names of Northern Ireland III. County Down. The Mournes*. Department of Celtic, The Queen's University. Belfast.
2010. 'Saig in machai fothúaid': On the application and Extent of The Macha in North West Armagh' *Eriú 2010, 111 - 129*
- Ó Maolfabhail Art. 1974. 'Grianán i Logainmneacha', *Dinnseanchas* 6, 60-75, An Cumann Logainmneacha. Baile Átha Cliath.
1987. 'Baill Choirp mar Logainmneacha', *Ainm II Bulletin of the Ulster Place-Names Vol. II*, 76-82.
- 1998-2000. 'Ag lorg na Breatnaise in Éirinn', *Ainm Bulletin of the Ulster Place-Names Society Vol. VIII*, 76-92.
2005. *Ó Lyon go Dún Lúiche, Logainmneacha san Oidhreacht Cheilteach*. Clódhanna Teoranta. Corcaigh agus Baile Átha Cliath 2.
- Ó Meachair, Donnchadha. 1928. *Royal Meath. A Short History of County Meath*. 'Meath Chronicle', Printing Works.
- Ó Murchadha, Diarmuid. 1989-90. 'A Reconsideration of some Place-Names from Miscellaneous Irish Annals'. *Ainm IV* 180-193.
- 1991-3. 'A Reconsideration of some Place-Names from The Annals of Inishfallen' *Bulletin of the Ulster Place-Names Society, Ainm V*, 21-32.
- 1994-5. 'Some place-Names from The Annals of Connacht', *Ainm VI, Bulletin of the Ulster Place-Name Society, 1 -31*.
- 1996-7. 'A Reconsideration of some Place-Names from The Annals of Tigernach' *Ainm VII Bulletin of the Ulster Place-Names Society Vol. VII*, 1-27.
- Ó Muraíle, Nollaig. 2001. 'Settlement and Place names', *Gaelic Ireland: c.1250-1650: land, lordship and settlement*, 223 - 243. Patrick J. Duffy, David Edwards, Elizabeth Fitzpatrick (eds). Four Courts Press for the Group for the Study of Irish Historic Settlement.

- Onishi, Masao. 1981. *A Grand Dictionary of Phonetics - A Comprehensive Store of Neo-Macro-Phonetics*. The Phonetic Society of Japan. Tokyo.
- Onom Goed 1910. Onomasticon Goedelicon locorum et tribuum Hiberniae et Scotiae. An index, with identifications, to the Gaelic names of places and tribes*. Hogan, Edmund. 1910. BÁC.
- O’Rahilly, Thomas F. 1925 (1976). *Dánta Grádha, An Anthology of Irish Love Poetry (AD 1350 - 1750)*. Cork University Press. Cork.
1926. ‘Notes on Middle Irish Pronunciation’, *Hermathena* XLIV 152 - 195
1931. ‘Etymological Notes’, *Scottish School of Gaelic Studies, Vol. 3.*, 52-72.
1932. *Irish Dialects past and present*. Dublin Institute for Advanced Studies.
1946. *Early Irish History and Mythology*. Dublin Institute for Advanced Studies.
1950. ‘Varia II, O.Ir. dia daim’, *Celtica I* 332-35.
- Ó Riain, Pádraig (eag). 1990. ‘The Tallaght Martyrologies, Redated’, *Cambridge Medieval Celtic Studies, Number 20, Winter 1990*, 21-38.
- OSL: Ordnance Survey Letters Meath, containing Information relative to the Antiquities of the County of Meath collected during the Progress of the Ordnance Survey in 1836*. Herity, Michael (ed). 2001. Four Masters Press. Dublin.
- OSNB: Ordnance Survey Name Books Meath*. O’Donovan, John. 1836 B. National Library: IR 9294303 Meath (4 Volumes).
- Ó Tuathail, Éamonn. 1945-47 [1948]. ‘Notes on Irish Place-Names’, *Éigse V:167-176*.
- Otway-Ruthven A.J. 1968 A. ‘The Partition of the de Verdon lands in Ireland in 1332’, *PRIA Vol. 66, sec c, 401-55*
- Owen, Hywel Wyn. 1994. *The Place-Names of East Flintshire*. University of Wales Press. Cardiff.
- Padel, O.J. 1985. *Cornish Place-Name Elements*. English Place-Name Society Vol 1 vi/lvii. Nottingham.
- Patronym Britan: Patronymica Britannica: a dictionary of the family names of the United Kingdom*. Lower, Mark Anthony. 1860. J. R. Smith. London.
- Pedersen, Holger. 1913. *Vergleichende Grammatik der Keltischen Sprachen, Band I, II*. Vandenhoeck und Ruprecht. Göttingen.
- PGI 1998 [1846]: The Parliamentary Gazetteer of Ireland 1846 [athchlóite 1998]. The Parliamentary Gazetteer of Ireland adapted to the New Poor-Law, Franchise, Municipal and Ecclesiastical Arrangements, and compiled with a special Reference to the Lines of Railroad and Canal Communication as existing in 1844-45; illustrated by a Series of Maps, and other Plates and Presenting the Results in Detail of the Census of 1841, compared with that of 1831*. Volume III [= 5] N- Z, Index. A. Fullarton and Co. Dublin, London, and Edinburgh. Thoemmes Press and Edition Synapse reprint. Bristol, England. Chiyoda-ku, Tokyo 101, Japan.
- Pipe Roll John 1211-1212: ‘Irish Pipe Roll of 14 John 1211-1212’, Ulster Journal of Archaeology, Third Series Volume 4, Supplement July 1941. 17th century copy of roll in Armagh Public Library, originally part of Ware collection*. Davies, Oliver. Quinn David B (eds).
- Piatt, Donn S. 1969. ‘“Bal” i logainmneacha’ [As Cartlann na Logainmneacha], *Dinnseanchas, Imleabhar 3, 117*.

- Pierce, Gwynedd O. 1968. *The Place-Names of Dinas Powys Hundred*. University of Wales Press. Cardiff.
- Plummer, Carolus A.M. 1910. *Vitae Sanctorum Hiberniae, Tomus I, II*. E Typographeo Clarendoniano. Oxonii. Henry Frowde, Publisher to the University of Oxford, London, Edinburgh, New York Toronto and Melbourne.
- Pokorny, Julius. 1917. 'Spuren von Germanen im alten Irland vor der Wikingerzeit - Beiträge zur Ältesten Geschichte Irlands', 1. Die *Fir Bolg*, die Urbevölkerung Irlands', *Zeitschrift für Celtische Philologie* xi 169 - 189 herausgegeben von Kuno Meyer. Max Niemeyer, Halle. Williams & Norgate, London. G.E. Stechert, New York.
- Price, Liam. 1945. *The Place-Names of Co. Wicklow i – The Barony of Ballincor North*. 1949 *The Place-Names of Co. Wicklow. iii – The Barony of Talbotstown Upper*. 1957. *The Place-Names of Co. Wicklow. V- The Barony of Rathdown*. Dublin Institute for Advanced Studies.
1963. 'A Note on the Use of the Word *Baile* in Place-names', *Celtica* 6, 119-125.
- PTBA: The Patrician Texts in the Book of Armagh*. Bieler, Ludwig. Kelly, Fergus. 1979. Dublin Institute for Advanced Studies.
- Radner, Joan Newlon. 1978. *Fragmentary Annals of Ireland*. Institute for Advanced Studies. Dublin.
- Raistrick, Arthur. Holmes, Paul F. 1956. 'The Archaeology of Malham Moor',
- Reaney, P.H., Wilson, R.M. 1958, 1976. *A Dictionary of British Surnames*. Routledge and Kegan Paul. London and Boston.
- Reeves, William. 1857. *The Life of St. Columba, Founder of Hy; Written by Adamnan. The Text printed from a Manuscript of the Eighth Century; with the various readings of six other Manuscripts preserved in different parts of Europe*. Printed by The University Press for the Irish Archaeological and Celtic Society. Dublin
- RDD AW i/ iii: Registry of Deeds Dublin, Abstracts of Wills Vol.1, 1708-1745*. Eustace, P. Beryl (ed). 1956. Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann, Stationery Office. Dublin. *RDD AW iii 1785 – 1832: Registry of Deeds Dublin Abstracts of Wills Vol. III 1785 – 1832*. Ellis, Eilish., Eustace, Beryl P. 1984. Dublin Stationery Office for the Irish Manuscripts Commission.
- Reg Alen: Calendar of Archbishop Allen's Register c 1172 – 1534 prepared and edited from the original in the registry of the United Dioceses of Dublin, Glendalough and Kildare ... with an Index compiled by Liam Price Mc Neill*, Charles. 1950. Royal Society of Antiquaries. Printed by John Falconer, 2 Crow Street. Dublin.
- Reg Fleming 1404-1416: The Register of Nicholas Fleming Archbishop of Armagh 1404-1416*. Smith, Brendan (ed). 2003. Irish Manuscripts Commission. Dublin.
- Reg Hosp John Bapt: Register of the Hospital of S. John the Baptist without the New Gate Dublin*. Brooks, Eric St John. 1936. The Stationery Office. Dublin.
- Reg Kilm 1326-1339: Registrum de Kilmainham, Register of Chapter Acts of the Hospital of Saint John of Jerusalem in Ireland, 1326-1339 under the Grand Prior, Sir John Outlawe with additions for the Times of his Successors, Sir John Mareschall, Sir John Larcher and Sir John Fitzrichard, Grand Priors of Ireland*. Mc Neill, Charles. (gan dáta). Irish Manuscripts Commission. Stationery Office. Dublin.

- Reg Mey 1443-1456: Registrum Iohannis Mey. The Register of John Mey Archbishop of Armagh 1443-1456.* Quigley, W.G.H., Roberts, E.F.D. (eds) 1972. Her Majesty's Stationery Office. Belfast.
- Reg Swayne: The Register of John Swayne Archbishop of Armagh and Primate of Ireland 1418-1439.* Chart, D.A. ed. 1935. His Majesty's Stationery Office. Belfast.
- Reg Trist: Register of the Priory of the Blessed Virgin Mary at Tristernagh.* Clarke, M.V. 1941. The Stationery Office. Dublin.
- Rot Pat: Rotulorum Patentium et clausorum cancellarie Hiberniae calendarium, Vol. I. Pars. I Hen II – Hen. VII.* Tresham, Edward. 1828. His Majesty's Printers [King George IV]. Dublin.
- Richardson, H.G., Sayles, G.O. 1963. *The Administration of Ireland 1172-1377.* Irish Manuscripts Commission. Stationery Office. Dublin.
- Ridgeway, West (ed) 1891. *23rd report of the Deputy Keeper of Public Records in Ireland (Dublin 1891)* [tras-scríofa as CChD]. Printed for Her Majesty's Stationery Office by Alexander Thom & Co. (Limited). Abbey Street, Dublin
- Rhys, John. 1906. 'The Celtic Inscriptions of France and Italy', *Proceedings of the British Academy*.
- Risk, Henry. 1968-71. 'French Loan-Words in Irish', *Études Celtiques* 12, 585-655. Société d'Édition "Les Belles Lettres". Paris.
- Roberts, Rev. G. 1847. 'The Possessions of Llanthony Priory. The History of Ewas Lacy, An Ancient Hundred of South-West Herefordshire.' *Archaeologia Cambrensis* No III
- Robinson, Mairi (Ed.) *The Concise Scots Dictionary.* 1985. Aberdeen University Press.
- Room, Adrian. 1986. *A Dictionary of Irish Place-Names.* Apple Tree Press. Belfast.
- Robinson, Tim. 1985. *Mapping South Connemara: Parts 1 -29. Cashel, Carna, Cill Chiaráin.* Folding Landscapes. Roundstone, Co. Galway.
- Russell, Paul. 1990. *Celtic Word-Formation the Velar Suffixes.* School of Celtic Studies, Dublin Institute for Advanced Studies.
2005. "What was the best of every language": the early history of the Irish language' in *A New History of Ireland i: Prehistoric and Early Ireland 405-448.* Dáibhí Ó Cróinín (ed). Oxford University Press.
- Samson, Paddy. 1960. 'Duleek. Here and There since 1690', *Ríocht na Midhe Vol 2 no.ii* 56-8.
- Sanas Cormaic: 'Sanas Cormaic', Anecdota from Irish Manuscripts Volume IV.* Bergin, O.J., Best, R.I., Meyer, Kuno., O'Keefe, J.G. 1912. Max Niemeyer. Halle A.S. Hodges, Figgis & Co., Ltd. Dublin. cf. Stokes 1862, 1868.
- Sandars, Edmund. *A Beast Book for the Pocket.* Oxford University Press. Oxford.
- SCMG: Scéla Cano meic Gartnáin.* Binchy, D.A (eag). 1963. Dublin Institute for Advanced Studies. Dublin
- Schulze-Thulin, Britta 1996. 'Old Norse in Ireland', *Language Contact across the North Atlantic: Proceedings ...* 83 - 113. Iain Clarkson/ Sture Ureland (eds). Tübingen EC.

- Seward's Top Hib*: Seward, William Wenman. 1802. *Topographia Hibernica : or the topography of Ireland, antient and modern*. Printed by Alex Stewart. Dublin.
- Sheeran, John. gan dáta c 2000. 'Duleek Commons', *The Parish of Duleek and 'Over the Ditches'*, Compiled and edited by Duleek Heritage.
- Simms, J.G. 1956. *Williamite Confiscation in Ireland 1690 -1700*. Faber and Faber. London.
1976. 'The War of the two Kings 1695-1691' in *A New History of Ireland iii Early Modern Ireland 1534 -1691, 478-508*. Oxford at the Clarendon Press.
- Skeat, Rev. Walter. 1879-1892, reprinted 1963. *An Etymological Dictionary of the English Language*. Oxford at the Clarendon Press.
1901. *Notes on English Etymology*. The Clarendon Press. Oxford.
- Smith, Albert Hugh. 1956. *English Place Name Elements Vols i, ii*. University Press. Cambridge.
- SnaG: Stair na Gaeilge, in ómós do Pádraig Ó Fiannachta lgh 221-334*. Roinn na Sean-Ghaeilge, Coláiste Phádraig, Maigh Nuad. cf Mc Cone, Mc Manus, Ó Háinle, Williams, Breatnach. 1994.
- Somerfelt Alf. 1922. 'Carl Marstrander: Recherches sur l'histoire du Vieux-Norrois en Irlande, resumées par Alf Sommerfelt', *Revue Celtique* 39, 175-198.
1959. 'The Norse Influence on Irish and Scots Gaelic', *The Impact of the Scandinavian Invasions on the Celtic Speaking Peoples c. 800-1100 A.D*, 73-77. Brian Ó Cuív (eag). 1975. Institiúid Ard-Léinn. Baile Átha Cliath.
- SRPI i Ed IV: Statute rolls of the parliament of Ireland first to the twelfth year of the reign of king Edward IV*. Berry, Henry F. (ed). 1914. Part I. Printed for His Majesty's Stationery Office by Cahill & Co., Limited. Dublin.
- SRPI ii Ed IV: Statute Rolls of the Parliament of Ireland Twelfth and Thirteenth to the Twenty-First and Twenty-Second Years of the Reign of King Edward the Fourth. Part II*. Morrissey, James (ed) 1939. Printed for His Majesty's Stationery Office by Browne and Nolan Limited. Dublin.
- SRPI Hen VI: Statute Rolls of the Parliament of Ireland. Reign of King Henry the Sixth*. Berry, Henry F. 1910. Printed for His Majesty's Stationery Office by Alexander Thom & Co., Limited Dublin.
- SRPI Rich III - Hen IV: Statute Rolls of the Irish Parliament Richard III – Henry VIII*. Conolly, Philomena, ed. 2002. Four Courts Press, for The National Archives of Ireland. Dublin.
- Stamp. A. E. 1862. *Three Irish Glossaries, Cormac's Glossary Codex A, O'Davoren's Glossary and A Glossary to the Calendar of Oingus the Culdee with a Preface and Index*. Williams and Norgate. London. Edinburgh.
- Stokes, Whitley. 1868. *Cormac's Glossary translated and annotated by the late John O'Donovan*. The Irish Archaeological and Celtic Society. Calcutta.
1887. *The Tripartite Life of Patrick: with other Documents relating to that Saint. Bethu Phátraic*. Eyre and Spottiswoode. London. Adam and Charles Black. Edinburgh. Hodges Figgis and Co. Dublin.
1894. 'The Prose Tales in the Rennes Dindshenchus'. *Revue Celtique* XV, 272- 484.

- 1910 A. *A supplement to Thesaurus Paleohibernicus vol 1. 1901/ vol.2 1903*. Max Niemeyer. Halle.
- 1910 B. 'Scéla Conchobair Maic Nessa', *Ériu* 4, 18-38.
- Stokes, Whitley., Meyer, Kuno. 1900. (eag). 'O' Mulconry's Glossary'. *Archiv fur Celtische Lexikographie* 232-324, 473-81, 629. Max Niemeyer. Halle A.S. David Nutt. London. Emile Bouillon. Paris.
- Stokes, Whitley., Windisch E. (eds) 1900. 'Acallam na Senórach', *Irische Texte mit Übersetzungen und Wörterbuch [IV]. Vierte Serie. 1 Heft*. Verlag Von S. Hirzel. Leipzig.
- Stout, Geraldine. 2002. *Newgrange and the Bend of the Boyne*. Cork University Press.
- Swan, Leo. 1973. 'Duleek, an early Christian site', *Annals of Duleek 1973*, 12-20. Yearbook of Duleek Historical Society, ed. Enda OBoyle (*sic*) (ed).
- Sweetman, David. 1982-83. 'Reconstruction and Partial Excavation of an Iron Age Burial Mound at Ninch, Co Meath, *Ríocht na Midhe Vol 7, No 2* 58-68.
- Synnott, Donal. 1973. 'Larrix Street', *The Annals of Duleek No. 3*, 20. Yearbook of Duleek Historical Society, ed. Enda OBoyle (*sic*).
1980. *A Common Green. Duleek. The Botany and History of a Meath Commonage*. Duleek Historical Society
- T & S*: Taylor, George. Skinner, Andrew. 1778, 1783. Facsimile reprint 1969. Introduction by Dr. J. H. Andrews. *Maps of the Roads of Ireland surveyed in 1773 and Corrected down to 1783*. The Second Edition. Longman, Pater Noster Row, London. Wilson & W. Allen No 88 Dame Street, Dublin. MDCCLXXXIII. Irish University Press, Shannon Ireland.
- TBC (Stowe): The Stowe Version of Táin Bó Cuailnge*. O'Rahilly, Cecile (eag). (1961) 1978. Dublin Institute for Advanced Studies.
- TBC 1967*: O'Rahilly, Cecile 1970. *Táin Bó Cuailnge from the Book of Leinster*. Dublin Institute for Advanced Studies.
- TBC Recension 1. 1976*: O'Rahilly, Cecile. 1976 *Táin Bó Cuailnge Recension 1*. Dublin Institute for Advanced Studies.
- TBC 1967: The Táin Bó Cuailgne from the Yellow book of Lecan with variant readings from the Lebor na hUidhre*. Strachan, J., O'Keefe, J.G. 1967. Royal Irish Academy. Dublin.
- Thes Paleohib: Thesaurus Paleohibernicus: a Collection of Old-Irish Glosses, Scholia, Prose, and Verse*. Stokes, Whitley. Strachan, John. 1903. Dublin Institute for Advanced Studies.
- Thornton, Donna. Murray, Kevin. 2011. *Bibliography of Publications on Irish Place-Names*. Irish Texts Society, Cumann na Scríbhéann nGaedhilge, Subsidiary Series 22.
- Toner, Gregory. 1996-7. 'A Reassessment of the element CUILLEANN', *Ainm VII* 1999. 'The definite article in Irish place-names', *Nomina, A Journal of Name Studies Relating to Great Britain and Ireland, Volume 22*, 5-24.
- 1998-2000. 'Settlement and Settlement-Terms in Mediaeval Ireland: *Rath* and *Lios*', *Ainm Bulletin of the Ulster Place-Names Society Vol. VIII, 1-4*.

- Toner, Gregory., Ó Mainnín, Micheál B. 1992. *Place Names of Northern Ireland Volume I. County Down I. Newry and South-West Down*. Department of Celtic, The Queen's University. Belfast.
- Trask, R. L. 1996. *A Dictionary of Phonetics and Phonology*. Routledge. London.
- Trubetzkoy, N.S. 1936. 'Essai d'une théorie des oppositions phonologiques', *Journal de Psychologie* 33 , 5-8.
- Ua Súilleabháin, Seán. 1994. 'Gaeilge na Mumhan', *Stair na Gaeilge in Ómós do Pádraig Ó Fiannachta*. Roinn na Sean-Ghaeilge, Coláiste Phádraig, Maigh Nuad.
- Van Hamel, A.G (ed). 1933. *Compert Con Culainn and Other Stories*. The Stationery Office. Dublin.
- Vendryes, J. 1987 (1959-). *Lexique étymologique de l'irlandais ancien M (1960)*. Dublin Institute for Advanced Studies.
- Wagner, Heinrich. 1958. *Linguistic Atlas and Survey of Irish Dialects: Vol I, Introduction, 300 maps*. Dublin Institute for Advanced Studies.
- 1966 *Linguistic Atlas and Survey of Irish Dialects: The dialects of Connaught*. Vol. 3. Dublin Institute for Advanced Studies.
- Wallace, Patrick F. 1992. *The Viking Age Buildings of Dublin*. Royal Irish Academy/ National Museum of Ireland. Dublin.
- Walsh, Rev. Paul. 1915. *The Placenames of Westmeath Part 1*. Dollard, Limited, Printers. Dublin.
1918. *Genealogiae Regum et Sanctorum Hiberniae*. Record Society, St Patrick's College, Maynooth. M.H. Gill & Son, Ltd. Dublin.
1939. 'Leinster States and Kings in Christian Times', *The Irish Ecclesiastical Record, Volume LIII, Fifth Series*. Brown and Nolan Limited. Nassau Street, Dublin.
1957. *The Placenames of Westmeath*. Dublin Institute for Advanced Studies.
- Ward, Michael. 1967. 'The parish of Julianstown', *Ríocht na Midhe* IV 61-7.
1968. 'The parish of Ballygarth', *Ríocht na Midhe* IV 79-97.
- Waters, Ormonde D. 1969. 'Ogham stone at Pilltown, Co. Meath', *Ríocht na Midhe* IV, 56-57.
- Watson, William. 1926. *The History of the Celtic Place-Names of Scotland*. William Blackwood & Sons Ltd. Edinburgh and London.
- Watt, J.A. 1987. 'The Anglo-Irish Colony under Strain' *A New History of Ireland ii. Mediaeval Ireland 1169 - 1534*, 352 -396. Clarendon Press. Oxford.
- Weymes, Michael. 2011. *Duleek Miscellany*. Choice Publishing & Book Services Ltd. Drogheda, Co Louth, Ireland.
- White, John T. Rev., Riddle, Rev. J.E. 1862. *A Latin-English Dictionary*. Longman, Green and Roberts. London.
- White, Newport. B. 1936. *Irish Monastic and Episcopal Deeds A.D.1200-1600 Transcribed from the originals preserved at Kilkenny Castle. With an Appendix of Documents of the Sixteenth and Seventeenth Centuries relating to Monastic Property after the Dissolution*. The Stationery Office. Dublin.

- Wilde, Sir William Robert. (1849) 1949. O'Lochlainn, Colm 1949 (ed). *The Beauties of the Boyne and its Tributary the Blackwater*. The sign of the Three Candles. Dublin.
- Williams, Nicholas. 1994. 'Na Canúintí a Theacht chun Solais', *Stair na Gaeilge, in ómós do Pádraig Ó Fiannachta lgh 447-478*. Roinn na Sean-Ghaeilge, Coláiste Phádraig, Maigh Nuad.
1997. 'Pig-Beans and Goose-killers' *Miscellanea Celtica in Memoriam Heinrich Wagner*, Séamas Mac Mathúna, Ailbhe Ó Corráin (eds). Acta Universitatis Upsaliensis, Studia Celtica Upsaliensia. Uppsala.
- Wilson, William. 1803 *The post chaise companion: or Traveller's directory through Ireland: Containing a new & accurate description of the direct and principal cross roads, with particulars of the noblemen and gentlemen's seats, cities, towns ... forming an historical & descriptive account of the kingdom. To which is added, A travelling dictionary, or Alphabetical tables, shewing the distances of all the principal cities, boroughs, market & sea port towns in Ireland from each other*. Printed & published by J & JH Fleming.
- Woulfe, Rev. Patrick. 1923. *Sloinnte Gaedheal is Gall*. M.H. Gill & Son. Dublin.

(iii) Suíomhanna Idirlín a ceadáíodh

<http://www.logainm.ie/ga/> [ceadaithe ó thús an taighde go 2014]

Bunachar Logainmneacha na hÉireann, Fiontar (DCU), An Brainse Logainmneacha, An Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta

<http://maps.osi.ie> [ceadaithe go rialta] Léarscáileanna de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis

<http://maps.osi.ie/publicviewer/#V1,588882,739883,0,10> [ceadaithe 2014] Ordnance Survey Ireland, National Mapping Agency

www.osi.ie/Products/Then-and-Now.aspx [ceadaithe go rialta] Ordnance Survey Ireland, National Mapping Agency. Radharcanna éagsúla ar áiteanna in Éirinn 1995, 2000, 2005.

<http://maps.osi.ie/publicviewer/#V1,715156,775401,4,0> Radharc ar *Bettystown* 2005 [ceadaithe 2014]

<http://maps.osi.ie/publicviewer/#V1,715156,775401,4,4>) Radharc ar *Bettystown* 2000 [ceadaithe 2014]

<http://maps.osi.ie/publicviewer/#V1,715156,775401,4,5>) 'Historic 6 inch map', Radharc ar *Bettystown* 1995 [ceadaithe 2014]

<http://www.maplandia.com/ireland/east/meath/bettystown/#map> [ceadaithe 2010] Sevitt Hall atá gar do Bettystown.

<http://maps.google.ie/maps?hl=enIE&gbv=2&q=selvieland+road+glasgow&um=1&ie=UTF8&hq=&hnear=0x488848c857f51ea5:0x3ee6e3527e375e5,Selvieland+Rd,+Glasgow,+UK&gl=ie&sa=X&ei=fi8YUby5MMuFhQffp4GQBg&ved=0CBwQ8gEoATAA> [ceadaithe 2014] Léarscáil a thaispeánann *Sevieland Road* i nGlaschú

<http://monasticon.celt.dias.ie> [ceadaithe 2014] Bunachar *Early Christian Ecclesiastical Settlement in Ireland 5th to 12th Centuries*. Ollscoil na hÉireann Má Nuad

<http://monasticon.celt.dias.ie/showrecord.php?id=4365> [ceadaithe 2014] Eolas ar fhondúireacht *Leckno, Piercetown* sa Luath-Chríostaíocht ón mBunachar thuasluaite

<http://monasticon.celt.dias.ie/showrecord.php?id=2328> Eolas ar fhondúireacht *Cell Serbáin [recte Cell Chearbáin]*

<http://monasticon.celt.dias.ie/search.php?recordedhistory=LhAnthony+Cart.+c.1182#results> [ceadaithe 2014] Tagairt do dháta earráideach (AD 1182) ar chairt Llanthony (bheadh an dáta 1186 níos cruinne)

http://www.newgrange.com/pdf/bru_na_boinne_dec08.pdf [ceadaithe 2010] Eolas ar a bhfuil aimsithe ag seandálaithe thart ar an mBóinn

http://www.heritagecouncil.ie/fileadmin/user_upload/Publications/Archaeology/bru_na_boinne/Bru_na_Boinne_Full.pdf
Brú na Bóinne World Heritage Site Research Framework An Chomhairle Oidhreachta. Compiled and edited by Jessica Smith 2009 [ceadaithe 2014]

www.excavations.ie/Pages/Details.php?Year=&County=Meath&id=1431 [Ceadaithe 2014] Tuairisc ar fhiosraithe seandálaíochta in *Bettystown*.

www.excavations.ie/Pages/Details.php?Year=&County=Meath&id=2718), [ceadaithe 2014] *Database of Irish Excavation Reports, Meath 1994:194 Sheephouse. Fulachta Fiadh*. An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

<http://www.excavations.ie/Pages/Details.php?Year=&County=Meath&id=5048> [ceadaithe 2014] *Database of Irish Excavation Reports, Meath 2000: 0773 Platin Fort*. An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta.

<http://www.irishcement.ie/wp-content/uploads/2010/06/Platin-Brochure.pdf>
Irish Cement Limited Platin, Drogheda [ceadaithe 2014]

<http://www.m3motorway.ie/Archaeology/Section2/Lismullin1/file,16728,en.pdf>
 staidéar seandálaíoch ar *Lismullen* roimh thógáil an M3 [ceadaithe 2014]

www.nra.ie/Archaeology/BrochureandPosterSeries/file,9106,en.pdf [ceadaithe 2014] *M1 Northern Motorway-Drogheda Bypass, Counties Meath and Louth*. National Roads Authority, Poster Series.

www.nra.ie/News/DownloadableDocumentation/file.10025,en.pdf. (2003) [ceadaithe 2009] Tugtar eolas ar iarsmaí seandálaíochta atá le fáil i *Lismullin*.

<http://www.environ.ie/en/Foreshore/ApplicationsandDeterminations/TaleburyHoldings/ApplicationDetails/FileDownload,32494,en.pdf>: [ceadaithe 2014]
Underwater Archaeological Impact Assessment of Proposed Outfall at South Quays, Drogheda, Co. Louth on behalf of Irish Archaeological Consultancy Ltd (IAC), Moore Marine Services limited. Eoghan Kieran & Benen Hayden 2009.

<http://www.buildingsofireland.ie/niah> [ceadaithe 2014] Bunachar Oidhreachta Ailtireachta Náisiúnta na hÉireann *National Inventory of Architectural Heritage Ireland* An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta

<http://www.buildingsofireland.ie/niah/search.jsp?county=ME&checkbox1=true&datefrom=0&dateto=2000&checkbox2=true&classification=Choose+a+Type+...&checkbox3=true&name=&checkbox4=true&town=&checkbox5=true&townland=0713&type=advanced&page=2> [ceadaithe 2014] Eolas ar *Mornington* le fáil ar bhunachar an *National*

Inventory of Architectural Heritage Ireland An Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta

www.census.nationalarchives.ie/help/history/html [ceadaithe 2014] *History of Irish Census Record*. An Cartlann Náisiúnta

<http://www.failteromhat.com/griffiths/meath/duleek.htm> *Griffiths Valuation of Ireland - Duleek, Co. Meath* [ceadaithe 2014]

<http://www.carlowlibraries.ie/documents/archives/grandjury.pdf> [ceadaithe 2010]

Cur síos ar an *Grand Jury*, rialtas áitiúil stairiúil a d'fheidhmigh idir an 17ú haois agus an 19ú haois

<http://1641.tcd.ie/> MSS 809-941 Teistíochtaí dhaoine ó éirí amach 1641

http://people.albion.edu/imacinnis/calendar/Regnal_Years.html [ceadaithe go rialta]

Suíomh idirghníomhach chun dátaí cháipéisí oifigiúla ríoga a ríomh

<http://ainm.ie/Bio.aspx?ID=1347>. [ceadaithe 2014] *Beathaisnéis Shéamas Dall Mac Cuarta c1647 -1733*

<http://ainm.ie/Bio.aspx?ID=1422> [ceadaithe 2014] *Beathaisnéis Mhaghnas Ó Domhnaill c 1490 - 1563*

<http://image.ox.ac.uk/show?collection=bodleian&manuscript=msrawlb503> [ceadaithe 2014] *Rawlinson B 503, Lámhscríbhinn a bhfuil fáil ar Annála Inis Fhaithlinn*

<http://ireland.anglican.org/cmsfiles/pdf/Information/Constitution/13.pdf> [ceadaithe 2014]

Management of Glebes, and other Land and Buildings, eolas ón Eaglais Anglacánach.

<http://ireland.anglican.org/information/61> [ceadaithe 2014] *Glebe Lands Representative Church Body, Ireland, Act 1875 sections 2, 3, 4, 5 and 8*, Reachtaíocht de chuid na hEaglaise Anglacánach.

<http://www.ordnancesurvey.co.uk/resources/historical-map-resources/welsh-p-s.html>

Liosta Eilimintí atá i logainmneacha na Breataine Bige ó bhunachar Shuirhéireacht Ordnáis na Breataine

http://www.ewyaslacy.org.uk/doc.php?d=rs_lty_0001# [ceadaithe 2014] *Llanthony Priory in the Vale of Ewyas: The Landscape Impact of a medieval Priory in the Welsh Marches* Eddie Procter MSc in Applied Landscape Archaeology - Dissertation 2007

<http://www.historyfiles.co.uk/KingListsBritain/CymruGwent.htm> (ceadaithe 2014)

cur síos ar an seanríocht Ceilteach Ewyas a bhí sa Bhreatain Bheag

www.birdwatcher.ie/IrelandsBirds/GreyHeron/tabid/148/Default.aspx [ceadaithe 2014]

Eolas ar an gCorr Réisc ó bhunachar *Birdwatch Ireland*.

www.treecouncil.ie/irishtrees/holly.html [ceadaithe 2014] Eolas ar chuileann ó bhunachar Chomhairle Crann na hÉireann

<http://www.botanical.com/botanical/mgmh/h/henban23.html> [ceadaithe 2013] Eolas ar an bplanda Gafann

http://www.wildflowersofireland.net/plant_detail.php?id_flower=507&wildflower=Henbane [ceadaithe 2014] Eolas ar an bplanda Gafann

www.failteromhat.com/flax/meath/html [ceadaithe 2014] *Flax Growers of Ireland 1796 also known as the Spinning Wheel List or the Flax Growers Bounty. Returns of awards to people growing more than 5 acres.*

<http://www.tcdlife.ie/scholars/scholar/about-list.php> [ceadaithe 2014] Coláiste na Tríonóide, liosta scoláirí a bhfuil an sloinne *Sevitt* ann.

<http://www.isos.dias.ie> [ceadaithe 2014] ISOS *Meamrain Páipéar Ríomhaire Irish Scripts on Screen*, Bailiúchán lámhscríbhinní atá ar caomhnú in áiteanna éagsúla in Éirinn agus thar lear

<http://www.pagesjaunes.fr/pagesblanches> [ceadaithe 2010] Leabhar teileafóin na Fraince ar líne